2024/1759

30.7.2024

Creat Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile

Brollach

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear na ‘Ballstáit’ anseo feasta,

agus

AN tAONTAS EORPACH,

de pháirt,

agus

POBLACHT NA SILE (dá ngairtear ‘an tSile’ anseo feasta),

den pháirt eile,

dá ngairtear ‘na Páirtithe’ go comhpháirteach anseo feasta,

DE BHRÍ na gceangal cultúrtha, polaitiúil, eacnamaíoch agus comhair láidir a thugann le chéile iad,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas do phrionsabail dhaonlathacha, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, don smacht reachta agus don dea-rialachas, agus d'fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus do dhul i ngleic leis an athrú aeráide, arb iad is bonn dá gcomhpháirtíocht agus dá gcomhar,

AG TEACHT LEIS an tuairim gurb é atá in iomadú na n-arm ollscriosta, agus na bealaí lena seachadadh, ar ghníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon, ceann de na bagairtí is tromchúisí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta,

AGUS AIRD Á TABHAIRT ar an rannchuidiú mór chun na ceangail sin a neartú a rinneadh leis an gComhaontú Comhlachais lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, arna shíniú sa Bhruiséil an 18 Samhain 2002 ('Comhaontú Comhlachais'),

AG CUR I dTÁBHACHT cineál cuimsitheach a gcaidrimh agus an tábhacht a bhaineann le creat comhleanúnach a sholáthar chun í a chur chun cinn níos mó,

DE BHRÍ a ngealltanais an Comhaontú Comhlachais atá ann cheana a nuachóiriú chun réaltachtaí polaitiúla agus eacnamaíocha nua agus an dul chun cinn a rinneadh ina gcomhpháirtíocht a léiriú,

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá córas iltaobhach láidir agus éifeachtach, atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus slándáil idirnáisiúnta a neartú agus chun dul i ngleic le dúshláin choiteanna,

AG DEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas an comhar a neartú maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha agus domhanda ar ábhar leasa choitinn iad agus na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn atá ceaptha chun comhar idirnáisiúnta gníomhach cómhalartach a fhorbairt,

AGUS É MAR DHÍOL SÁSAIMH DÓIBH gur glacadh Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030, arna ghlacadh ag an Tríú Comhdháil Dhomhanda de chuid na Náisiún Aontaithe in Sendai an 18 Márta 2015, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta, arna ghlacadh in Addis Ababa an 13 go 16 Iúil 2015, Rún 70/1 arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015, ina bhfuil an doiciméad torthaí 'I mbun athraithe: clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe' ('Clár Oibre 2030'), Comhaontú Pháras faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna dhéanamh i bPáras an 12 Nollaig 2015 ('Comhaontú Pháras'), an Clár Oibre Uirbeach Nua, arna ghlacadh le linn Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Tithíocht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe (Habitat III) in Quito an 20 Deireadh Fómhair 2016 ('Clár Oibre Uirbeach Nua') agus Gealltanais an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, arna nglacadh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla in Iostanbúl ar an 23 agus 24 Bealtaine 2016, agus iad ag iarraidh go gcuirfear chun feidhme an méid sin,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ina gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, a dtiomantas d'fhorbairt na trádála idirnáisiúnta ar bhealach a rannchuideoidh leis an bhforbairt inbhuanaithe sna trí ghné sin, a aithnítear a bheith idirnasctha go domhain agus a threisíonn a chéile, agus a ngealltanas gnóthú chuspóirí Chlár Oibre 2030 a chur chun cinn,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas a gcaidreamh trádála a leathnú agus a éagsúlú i gcomhréir le Comhaontú Marrakech lena mBunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh in Marrakech an 15 Aibreán 1994, agus leis na cuspóirí sonracha agus na forálacha sonracha a leagtar amach i gCuid III den Chomhaontú seo,

ÓS MIAN LEO a gcaidreamh eacnamaíoch a neartú, go háirithe a gcaidreamh trádála agus infheistíochta, trí rochtain ar an margadh a neartú agus a fheabhsú, agus rannchuidiú leis an bhfás eacnamaíoch, agus aird á tabhairt an tráth céanna ar an ngá atá le feasacht a mhúscailt maidir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhíonn ag damáiste don chomhshaol, patrúin neamh-inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais agus an tionchar gaolmhar atá acu ar fholláine an duine,

ÓS DEIMHIN LEO go gcruthófar timpeallacht leis an gComhaontú seo ina bhféadfar an caidreamh eacnamaíoch inbhuanaithe eatarthu a fhorbairt, go háirithe in earnálacha na trádála agus na hinfheistíochta, ar earnálacha iad atá fíor-riachtanach chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, nua-chóiriú agus nuálaíocht theicneolaíoch a bhaint amach,

AG AITHINT DÓIBH go dtugtar le forálacha an Chomhaontaithe seo cosaint d'infheistíochtaí agus d'infheisteoirí, agus go bhfuil siad beartaithe gníomhaíocht ghnó atá tairbhiúil go frithpháirteach a spreagadh, gan dochar a dhéanamh don cheart atá ag na Páirtithe chun rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail laistigh dá gcríoch,

AG AITHINT DÓIBH an dlúthchaidreamh idir an nuálaíocht agus an trádáil, chomh maith le hábharthacht na nuálaíochta don fhás eacnamaíoch agus don fhorbairt shóisialta, agus ag dearbhú freisin gur spéis leo leibhéil níos airde comhair a chur chun cinn maidir le nuálaíocht, taighde, eolaíocht, teicneolaíocht, iompar agus réimsí gaolmhara eile chomh maith le rannpháirtíocht na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha a chur chun cinn,

Á DEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas an comhar a neartú i réimse an cheartais, na saoirse agus na slándála,

AG AITHINT DÓIBH tairbhí frithpháirteacha an chomhair fheabhsaithe i ndáil leis an oideachais, le cúrsaí comhshaoil, leis an gcultúr, leis an taighde agus an nuálaíocht, leis an bhfostaíocht agus gnóthaí sóisialta, leis an tsláinte agus le réimsí leasa choitinn eile,

AG CUR IN IÚL DÓIBH an rún daingean atá acu leanúint dá gcaidreamh a neartú trí chomhaontuithe comhair nua, chomh maith lena rún daingean go ndéanfar an comhar sin chun tairbhe tríú tíortha, mar a chuimsítear sa Mheabhrán Tuisceana don Chomhar Idirnáisiúnta a shínigh na Páirtithe in 2015, agus trí rannpháirtíocht leanúnach na Sile i gcláir réigiúnacha an Aontais Eorpaigh,

AG MEABHRÚ DÓIBH a thábhachtaí atá na comhaontuithe éagsúla arna síniú ag an Aontas Eorpach agus ag an tSile, lenar cothaíodh idirphlé polaitiúil agus comhar polaitiúil ar fud réimsí earnálacha an chaidrimh idir na Páirtithe, agus lenar méadaíodh trádáil agus infheistíocht,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, i gcás ina gcinnfidh na Páirtithe, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontuithe sonracha a dhéanamh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fhéadfaidh an tAontas Eorpach a thabhairt i gcrích de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), nach mbeadh forálacha na gcomhaontuithe sin a bheidh ann amach anseo ina gceangal ar Éirinn mura gcuirfidh an tAontas in iúl don tSile, i gcomhthráth le hÉirinn a mhéid a bhaineann lena caidreamh déthaobhach roimhe sin, go bhfuil Éire tar éis teacht faoi cheangal ag na comhaontuithe sin a bheidh ann amach anseo mar chuid den Aontas Eorpach i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus le CFAE. Ar an gcaoi chéanna, aon bheart inmheánach ina dhiaidh sin de chuid an Aontais Eorpaigh a ghlactar de bhun Theideal V de Chuid Trí de CFAE chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, ní bheadh sé ina cheangal ar Éirinn, ach amháin má tá sé curtha in iúl ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach sna bearta sin nó glacadh leo i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21. Ag tabhairt dá n-aire freisin go dtiocfadh na comhaontuithe sonracha a bheidh amach anseo sin nó bearta inmheánacha de chuid an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin faoi réim feidhme Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus CFAE,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CUID I

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA AGUS CUSPÓIRÍ

CAIBIDIL 1

CUSPÓIRÍ, PRIONSABAIL GHINEARÁLTA AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1.1

Cuspóirí an Chomhaontaithe seo

Is iad cuspóirí an Chomhaontaithe seo:

(a) an comhlachas idir na Páirtithe a athdhearbhú, ar comhlachas é atá bunaithe ar chomhpháirtíocht neartaithe, ar idirphlé polaitiúil treisithe agus ar chomhar feabhsaithe maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear an nuálaíocht i ngach réimse is infheidhme;

(b) trádáil agus infheistíocht níos mó a chothú idir na Páirtithe trína gcaidrimh eacnamaíocha agus thrádála a leathnú agus a éagsúlú, rud a rannchuideodh le fás eacnamaíoch níos mó agus cáilíocht saoil fheabhsaithe; agus

(c) an caidreamh comhair atá ann cheana idir na Páirtithe a neartú, lena n-áirítear comhar idirnáisiúnta ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe agus obair chomhpháirteach a chothú, chun rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030.

Airteagal 1.2

Prionsabail Ghinearálta

1. Deimhníonn na Páirtithe a dtacaíocht láidir do phrionsabail Chairt na Náisiúin Aontaithe.

2. Urraim do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948, agus in ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile maidir le cearta an duine ar páirtithe iontu an dá Pháirtí, agus do phrionsabal an smachta reachta agus an dea-rialachais, ar bonn taca do beartais intíre agus idirnáisiúnta an dá Pháirtí iad, is gné fhíor-riachtanach den Chomhaontú seo iad.

3. Tá na Páirtithe ar aon intinn go bhfuil leathadh arm ollscriosta agus na bealaí ina seachadtar chuig gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon iad, ina mbagairt thromchúiseach ar an tsíocháin idirnáisiúnta agus ar an tslándáil idirnáisiúnta.

4. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas leanúint de ghnéithe uile na forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn, rannchuidiú le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear oibriú i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhshaoil.

5. Deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban agus na gcailíní a phríomhshruthú.

6. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtacaíocht le Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, arna ghlacadh an 13 Meán Fómhair 2007, agus a ngealltanais an éagsúlacht chultúrtha a urramú agus cearta na bpobal dúchasach a chosaint.

7. Cuirfidh na Páirtithe an Comhaontú seo chun feidhme bunaithe ar chomhluachanna lena n-áirítear prionsabail an idirphlé, na hurraime frithpháirtí, na comhpháirtíochta comhionainne, an iltaobhachais, an chomhdhearcaidh agus na hurraime don dlí idirnáisiúnta.

Airteagal 1.3

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) ciallaíonn 'Comhaontú Comhlachais' an Comhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 18 Samhain 2002;

(b) ciallaíonn 'Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil' an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile arna shíniú sa Bhruiséil an 13 Nollaig 2023;

(c) ciallaíonn 'tríú tír' tír nó críoch atá lasmuigh de raon feidhme críochach an Chomhaontaithe seo mar a leagtar amach in Airteagal 41.2; agus

(d) ciallaíonn 'Coinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí' Coinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, arna dhéanamh i Vín an 23 Bealtaine 1969.

CUID II

IDIRPHLÉ POLAITIÚIL AGUS COMHAR

CAIBIDIL 2

IDIRPHLÉ POLAITIÚIL, BEARTAS EACHTRACH, SÍOCHÁIN IDIRNÁISIÚNTA AGUS SLÁNDÁIL, RIALACHAS AGUS CEARTA AN DUINE

Airteagal 2.1

Idirphlé polaitiúil

1. Neartóidh na Páirtithe a n-idirphlé polaitiúil agus a gcomhar polaitiúil ar gach leibhéal trí mhalartuithe agus comhairliúcháin maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha, idirnáisiúnta agus iltaobhacha chun a gcomhpháirtíocht fheabhsaithe a chomhdhlúthú.

2. Beidh sé d'aidhm ag an idirphlé polaitiúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) forbairt caidreamh déthaobhach a chur chun cinn agus comhpháirtíocht straitéiseach na bPáirtithe a neartú;

(b) comhar a neartú i ndáil le dúshláin agus saincheisteanna réigiúnacha agus domhanda;

(c) cumais institiúideacha na bPáirtithe a neartú, lena n-áirítear nuachóiriú an Stáit, an díláraithe agus cur chun cinn an chomhair idirinstitiúidigh.

3. Féadfaidh an t-idirphlé polaitiúil idir na Páirtithe tarlú sna foirmeacha seo a leanas, de réir mar a chomhaontaítear go frithpháirteach:

(a) comhairliúcháin, cruinnithe agus cuairteanna ar leibhéal an chruinnithe mullaigh;

(b) comhairliúcháin, cruinnithe agus cuairteanna ar an leibhéal aireachta;

(c) cruinnithe tráthrialta na n-oifigeach sinsearach, lena n-áirítear idirphlé polaitiúil ardleibhéil;

(d) idirphlé earnála, lena n-áirítear trí mhisin agus saineolaithe a mhalartú maidir le saincheisteanna leasa choitinn;

(e) malartú toscaireachtaí agus teagmhálacha eile idir Comhdháil Náisiúnta na Sile agus Parlaimint na hEorpa.

Airteagal 2.2

Cur i gcoinne iomadú arm ollscriosta

1. Is é breith na gComhpháirtithe gurb é atá in iomadú na n-arm ollscriosta ('AOS'), agus na bealaí lena seachadadh, ar ghníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon, ceann de na bagairtí is tromchúisí ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Comhaontaíonn na Páirtithe, dá bhrí sin, oibriú i gcomhar agus cuidiú le cur i gcoinne iomadú arm ollscriosta agus na mbealaí lena seachadadh trí na hoibleagáidí atá ann cheana a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme go náisiúnta faoi chonarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta um dhí-armáil agus neamhiomarcú agus oibleagáidí ábhartha idirnáisiúnta eile. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gné fhíor-riachtanach den Chomhaontú seo í an mhír seo.

2. Anuas air sin, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar chun cur i gcoinne iomadú arm ollscriosta agus modhanna a seachadta tríd an méid seo a leanas:

(a) beart a dhéanamh chun gach ionstraim idirnáisiúnta ábhartha eile a shíniú, a dhaingniú, nó a aontú, de réir mar is iomchuí agus a chur chun feidhme ina iomláine;

(b) trí chóras náisiúnta éifeachtach rialaithe onnmhairí a bhunú, lena rialófaí onnmhairiú agus aistriú earraí atá bainteach le AOS lena n-áirítear rialú ar úsáid deiridh i leith teicneolaíochtaí dé-úsáide agus smachtbhannaí éifeachtacha i leith sáruithe ar rialuithe onnmhairiúcháin.

Airteagal 2.3

Cearta an duine, an smacht reachta agus an dea-rialachas

1. Cothóidh na Páirtithe idirphlé tráthrialta, fóinteach agus leathan maidir le cearta an duine.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear maidir le daingniú agus cur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus ar phrionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta a neartú, comhionannas inscne a chur chun cinn agus idirdhealú de gach cineál agus ar gach foras a chomhrac.

3. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) tacú le forbairt agus cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta maidir le cearta an duine;

(b) cearta an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear trí oideachas agus na meáin;

(c) institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha a bhaineann le cearta an duine, leis an smacht reachta agus leis an dea-rialachas a neartú;

(d) feabhas a chur ar an gcomhar le comhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus nósanna imeachta speisialta na Comhairle um Chearta an Duine de réir phrionsabail ghinearálta an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;

(e) comhordú comhar a threisiú laistigh d'institiúidí na Náisiún Aontaithe a bhfuil baint acu le cearta an duine agus de na fóraim réigiúnacha agus iltaobhacha ábhartha;

(f) an cumas náisiúnta, réigiúnach agus díláraithe a neartú chun prionsabail agus cleachtais dhaonlathacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear próisis toghcháin a chur chun cinn atá comhsheasmhach le caighdeáin dhaonlathacha idirnáisiúnta;

(g) an dea-rialachas atá neamhspleách agus trédhearcach a threisiú ar leibhéil áitiúla, náisiúnta, réigiúnacha agus dhomhanda, cuntasacht agus trédhearcacht institiúidí a chur chun cinn agus tacú le rannpháirtíocht saoránach agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta;

(h) comhoibriú agus comhordú, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear i dtríú tíortha, chun prionsabail dhaonlathacha, cearta an duine agus an smacht reachta a atreisiú, lena n-áirítear córas breithiúnach neamhspleách a bheith ann, comhionannas faoin dlí, rochtain daoine ar thacaíocht dhlíthiúil phoiblí éifeachtach, agus an ceart chun triail chóir a fháil, chun próise cuí agus rochtain ar an gceartas;

(i) uilíocht na gconarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine a chothú agus spreagadh a thabhairt do thríú Páirtithe a gcuid oibleagáidí a chur chun feidhme sa réimse sin;

(j) oibriú chun cuntasacht a áirithiú as sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus chun rochtain ar leigheas a áirithiú d'íospartaigh na sáruithe agus na mí-úsáidí sin.

Airteagal 2.4

Comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní

1. Déanfaidh na Páirtithe comhionannas inscne, teachtadh iomlán chearta uile an duine ag mná agus cailíní agus a gcumhachtú a chur chun cinn. Admhaíonn siad riachtanas an chomhionannais inscne agus an riachtanas chun gach bean agus cailín a chumhachtú mar sprioc aisti féin chomh maith le tiománaí don daonlathas, don fhorbairt inbhuanaithe chuimsitheach, don tsíocháin agus don tslándáil. Déanfaidh na Páirtithe dea-chleachtais a mhalartú agus féachfaidh siad ar scéimeanna breise comhair agus sineirgí féideartha idir a dtionscnaimh féin amhail beartais agus cláir, i gcomhréir le caighdeáin agus gealltanais idirnáisiúnta amhail an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, na moltaí ginearálta a rinne Coiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú, Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, arna nglacadh ag an gCeathrú Comhdháil Dhomhanda ar stádas na mBan, a tionóladh i mBéising ón 4 go dtí an 15 Meán Fómhair 1995, an Clár Gníomhaíochta, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt, a tionóladh i gCaireo ón 5 go dtí an 13 Meán Fómhair 1994 agus toradh a gcomhdhálacha athbhreithnithe, Clár Oibre 2030, Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('UNSCR 1325 (2000)') agus na rúin ina dhiaidh sin maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile lena dtugtar aghaidh ar an gcomhionannas inscne agus ar chearta daonna na mban agus na gcailíní a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) comhoibriú chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile a bhaint amach, go háirithe Sprioc 5 agus a cuspóirí;

(b) cearta daonna uile gach mná agus gach cailín a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh; gach cineál foréigin, idirdhealaithe agus ciaptha in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach araon, agus cearta daonna na mban agus na gcailíní a chur chun cinn go gníomhach i gcomhréir leis an gcreat ábhartha idirnáisiúnta;

(c) príomhshruthú córasach ghné na hinscne a chur chun cinn go gníomhach; idirphlé agus comhar a neartú maidir le comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, idirphlé sóisialta, cosaint agus cuimsiú, an clár oibre um obair chuibhiúil agus beartas fostaíochta a chur chun cinn;

(d) tacú le plean gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith le cur chun feidhme an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil ó na Náisiún Aontaithe, arb é atá ann Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus a rúin a leanann é;

(e) rannpháirtíocht pholaitiúil agus ceannaireacht na mban a chur chun cinn, chomh maith le rochtain ar oideachas ardcháilíochta, cumhachtú eacnamaíoch agus ceannaireacht, agus a rannpháirtíocht mhéadaithe i ngach réimse den saol, lena n-áirítear réimsí polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha;

(f) institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha a neartú trí bhíthin bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le foréigean in aghaidh ban agus cailíní agus chun plé leo, lena n-áirítear gach cineáil foréigin agus ciaptha ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chosc agus cosaint ina aghaidh sin, trí shásraí imscrúdaithe agus cuntasachta, soláthair cúraim agus tacaíochta d'íospartaigh agus dálaí sábháilte agus slána a chur chun cinn do mhná agus cailíní;

(g) a áirithiú go héifeachtach go ndéanfar cearta daonna na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, a urramú agus a chosaint agus leis sin cur i gcoinne aon chineál idirdhealaithe agus foréigin ina gcoinne, lena n-áirítear foréigean lena ndírítear ar chosantóirí chearta an duine ar mná iad, rochtain ar an gceartas a áirithiú agus na céimeanna is gá a ghlacadh chun deireadh a chur le saoirse ó phionós;

(h) an comhar a fheabhsú le comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile;

(i) anailís inscne a chur chun cinn go gníomhach mar aon le comhtháthú córasach ghné na hinscne sna hábhair uile a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil, agus ceannaireacht na mban á áirithiú chomh maith lena rannpháirtíocht bhríoch i bpróisis síochána, iarrachtaí idirghabhála, réiteach coinbhleachta agus cothú na síochána chomh maith le misin agus oibríochtaí sibhialta agus míleata.

Airteagal 2.5

An tslándáil idirnáisiúnta agus an cibearspás

Neartóidh na Páirtithe a gcomhar agus an malartú tuairimí i réimse na cibearshlándála agus maidir le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ('TFC') i gcomhthéacs na síochána agus na slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear maidir le noirm, prionsabail iompraíocht fhreagrach na Stát, cloí leis an dlí idirnáisiúnta atá ann cheana sa chibearspás, bearta forbartha muiníne a fhorbairt agus acmhainní a fhothú.

Airteagal 2.6

Cur in aghaidh na sceimhlitheoireachta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus comhoibreoidh siad chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc agus a chur faoi chois i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus lena reachtaíocht féin agus leis an smacht reachta. Déanfaidh siad amhlaidh, go háirithe:

(a) faoi chuimsiú chur chun feidhme iomlán na rún ábhartha uile ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, na gcoinbhinsiún agus na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha uile;

(b) tríd an gcomhar idir Ballstáit na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn chun Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe léi an 8 Meán Fómhair 2006, a chur chun feidhme go héifeachtach;

(c) trí dhea-chleachtais a mhalartú chun radacú a bhfuil an t-antoisceachas foréigneach ina thoradh air a chosc agus chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac;

(d) trí fhaisnéis a mhalartú maidir le grúpaí sceimhlitheoireachta agus a líonraí tacaíochta, de bhun an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus trí thacú, nuair is féidir, le tionscnaimh réigiúnacha le haghaidh comhar i bhforfheidhmiú an dlí sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta, agus cearta an duine, an ceart chun príobháideachais agus an smacht reachta á n-urramú go hiomlán an tráth céanna.

Airteagal 2.7

Slándáil na saoránach

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir le slándáil na saoránach. Aithníonn siad go dtéann slándáil na saoránach thar theorainneacha náisiúnta agus réigiúnacha agus go bhfuil gá le hidirphlé agus comhar níos leithne lena mbaineann gné réigiúnach agus dhé-réigiúnach araon.

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe agus na gáinneála ar dhrugaí chun slándáil na saoránach a fheabhsú. Geallann siad go dtacóidh siad leis an idirphlé dé-réigiúnach agus leis an gcomhar maidir le slándáil na saoránach.

2. Féadfaidh na Páirtithe taithí agus dea-chleachtais fhianaisebhunaithe a mhalartú maidir le ceapadh agus cur chun feidhme beartas a bhaineann le foréigean agus coireacht a chosc, agus maidir le córais chun foréigean, coireacht agus neamhshlándáil a thomhas agus a mheas.

Féadfaidh na Páirtithe dea-chleachtais fhianaisebhunaithe a mhalartú maidir le híospartaigh coireanna a chosaint i gcomhthéacs shlándáil na saoránach.

3. A mhéid a bhaineann le cosc, féadfaidh na Páirtithe beartais phoiblí a chothú arb é is aidhm dóibh foréigean a chosc, agus béim ar leith á leagan ar an óige agus ar inscne.

4. Féadfaidh na Páirtithe taithí agus dea-chleachtais a mhalartú i réimsí amhail cultúr a chur chun cinn lena gcothaítear síocháin agus neamhfhoréigean, urramú an dlí, athshlánú, athimeascadh sa tsochaí, ceartas feabhais. Ba cheart caighdeáin agus noirm idirnáisiúnta a léiriú i ndlí na bPáirtithe lena rialaítear na córais pheannaideacha ábhartha.

Airteagal 2.8

Mionairm agus airm éadroma agus gnáth-airm eile

1. Aithníonn na Páirtithe an bhagairt thromchúiseach don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a bhaineann fós le monarú, aistriú agus scaipeadh aindleathach mionarm agus armán éadrom agus gnáth-armán eile, lena n-áirítear a n-armlón, agus an iomarca díobh a charnadh, droch-bhainistiú a dhéanamh orthu, stoc-chairn díobh a dhaingniú go míchuí agus iad a leathadh gan rialú.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe a n-oibleagáidí féin a chur chun feidhme chun déileáil leis an trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma agus i ngnáth-armáin eile, lena n-áirítear a n-armlón, faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana, Prótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh Monarú agus Gáinneáil Aindleathach ar Airm Thine, A bPáirteanna agus a gComhpháirteanna agus a n-Armlón, arna ghlacadh le Rún 55/255 ó na Náisiúin Aontaithe an 31 Bealtaine 2001, agus le rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith lena ngealltanais faoi chuimsiú ionstraimí idirnáisiúnta eile is infheidhme sa réimse sin, amhail Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú, arna ghlacadh an 20 Iúil 2001.

3. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le córais rialuithe intíre chun gnáth-airm a aistriú i gcomhréir leis na caighdeáin agus rialacháin idirnáisiúnta atá ann cheana. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis na rialuithe sin a chur i bhfeidhm ar bhealach freagrach, mar rannchuidiú leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus chun fulaingt an chine dhaonna a laghdú, agus chun atreorú gnáth-armán a chosc.

4. Geallann na Páirtithe i ndáil leis sin go gcuirfidh siad an Conradh Trádála Arm chun feidhme go hiomlán, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 2 Aibreán 2013, agus go gcomhoibreoidh siad le chéile faoi chreat an Chonartha sin, lena n-áirítear maidir le huiliú agus cur chun feidhme iomlán an Chonartha sin a chur chun cinn i mBallstáit uile na Náisiún Aontaithe.

5. Geallann na Páirtithe mar sin comhoibriú lena chéile agus comhordú, comhlántacht agus sineirge a áirithiú ina n-iarrachtaí rialú na trádála idirnáisiúnta i ngnáth-airm a rialáil nó a fheabhsú agus chun trádáil aindleathach in airm a chosc, a chomhrac agus a dhíothú.

Airteagal 2.9

An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta

1. Aithníonn na Páirtithe nár cheart na coireanna is tromchúisí ar údar imní iad don phobal idirnáisiúnta a bheith gan phionós, agus féachfaidh siad lena áirithiú go ndéanfar na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach trí bhearta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus tríd an gcomhar idirnáisiúnta a fheabhsú, lena n-áirítear leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

2. Déanfaidh na Páirtithe daingniú uilíoch nó aontachas Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ('Reacht') a chur chun cinn, agus oibreoidh siad ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach intíre an Reachta ag páirtithe sa Reacht. Déanfaidh na Páirtithe dea-chleachtais a mhalartú, de réir mar is iomchuí, maidir le glacadh a reachtaíochta féin agus déanfaidh siad bearta chun sláine an Reachta a chosaint.

Airteagal 2.10

Comhar i mbainistiú géarchéime idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas don chomhar chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear comhar d'fhonn fócas inscne a fhorbairt i réimse na síochána agus na slándála idirnáisiúnta.

2. Comhordóidh na Páirtithe gníomhaíochtaí bainistithe géarchéime, lena n-áirítear comhar in oibríochtaí bainistithe géarchéime.

3. Oibreoidh na Páirtithe chun an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile a chur chun feidhme lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht Phoblacht na Sile in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh, arna shíniú sa Bhruiséil an 30 Eanáir 2014.

CAIBIDIL 3

CEARTAS, SAOIRSE AGUS SLÁNDÁIL

Airteagal 3.1

Comhar breithiúnach

1. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar atá ann cheana féin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus eiseachadadh bunaithe ar chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. Neartóidh na Páirtithe na sásraí atá ann cheana agus, de réir mar is iomchuí, breithneoidh siad forbairt a dhéanamh ar shásraí nua chun comhar idirnáisiúnta sa réimse seo a éascú. Áireofar leis an gcomhar sin, de réir mar is iomchuí, aontachas do na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha agus iad a chur chun feidhme, agus comhar níos dlúithe le líonraí comhair dhlíthiúil idirnáisiúnta ábhartha eile.

2. Forbróidh na Páirtithe comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála, go háirithe, a mhéid a bhaineann le caibidlíocht, daingniú agus cur chun feidhme coinbhinsiún iltaobhach maidir le comhar breithiúnach sibhialta, lena n-áirítear coinbhinsiúin Chomhdháil na Háige maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach i réimse na dlíthíochta agus an chomhair dhlíthiúil idirnáisiúnta chomh maith le cosaint leanaí.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn úsáid modhanna leictreonacha a chur chun cinn chun doiciméid a tharchur, de réir mar is iomchuí, chomh maith le hardchaighdeáin maidir le cosaint sonraí pearsanta, chun críche an chomhair bhreithiúnaigh idirnáisiúnta.

Airteagal 3.2

An fhadhb dhomhanda drugaí

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun cur chuige comhtháite, cothrom agus fianaisebhunaithe a áirithiú maidir le saincheisteanna a bhaineann le drugaí d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tionscnaimh laghdaithe éilimh agus bearta gaolmhara a chur chun feidhme, lena n-áirítear cosc agus cóireáil, agus athimeascadh sóisialta chomh maith le saincheisteanna eile a bhaineann leis an tsláinte;

(b) a áirithiú go mbeidh substaintí rialaithe ar fáil agus go mbeidh rochtain orthu chun críoch leighis agus eolaíochta amháin, agus a n-atreorú á chosc an tráth céanna;

(c) tionscnaimh laghdaithe soláthair agus bearta gaolmhara a chur chun feidhme, amhail forfheidhmiú éifeachtach an dlí agus freagairtí ar choireacht a bhaineann le drugaí, sciúradh airgid, trádáil aindleathach drugaí , lena n-áirítear trádáil drugaí a éascaítear leis an idirlíon, a chomhrac, agus comhar breithiúnach a chur chun cinn;

(d) díriú ar shaincheisteanna trasghearrtha amhail drugaí agus cearta an duine, an óige, leanaí, inscne, mná agus pobail, lena n-áirítear trí bhearta le haghaidh comhoibriú agus comhair d'fhonn forbairt clár agus gníomhaíochtaí don oideachas agus don athimeascadh a chothú, rud lena bhféadfar an t-éileamh ar dhrugaí agus ar shubstaintí síceatrópacha a laghdú;

(e) faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le réaltachtaí atá ag athrú, treochtaí agus cúinsí atá ann cheana, maidir le dúshláin agus bagairtí atá ag teacht chun cinn agus atá leanúnach, lena n-áirítear substaintí sícighníomhacha nua; D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin laghdú ar an éileamh ar dhrugaí agus anailís fhóiréinseach ar ábhar, amhail réamhtheachtaithe drugaí urghafa;

(f) comhar idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar atreorú réamhtheachtaithe drugaí, ceimiceán fíor-riachtanach agus táirgí nó ullmhóidí ina bhfuil siad, a úsáidtear i dtáirgeadh aindleathach drugaí támhshuanacha, substaintí síceatrópacha agus substaintí sícighníomhacha nua;

(g) forbairt mhalartach, comhar réigiúnach, idir-réigiúnach agus idirnáisiúnta a neartú maidir le beartas rialaithe drugaí agus cothromaithe atá dírithe ar fhorbairt.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear , nuair is féidir, trí spreagadh a thabhairt do thríú tíortha coinbhinsiúin agus prótacail idirnáisiúnta um rialú drugaí atá ann cheana, agus a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, a dhaingniú agus a chur chun feidhme mura ndearna siad amhlaidh cheana. Bunóidh na Páirtithe a ngníomhaíochtaí ar a ndlíthe agus a rialacháin is infheidhme, ar phrionsabail a nglactar leo go coiteann i gcomhréir le coinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir le rialú drugaí, agus ar na moltaí a leagtar amach i nDoiciméad Torthaí ó Sheisiún Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhFadhb Dhomhanda Drugaí, dar teideal '*Our joint commitment to effectively addressing and countering the world drug problem*' [Ár ngealltanas comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb dhomhanda drugaí agus chun í a chomhrac ar bhealach éifeachtach], mar an comhdhearcadh idirnáisiúnta is déanaí ar an mbeartas domhanda drugaí, d'fhonn breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas a rinneadh chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar an bhfadhb dhomhanda drugaí agus chun í a chomhrac.

Airteagal 3.3

Imirce agus tearmann idirnáisiúnta

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus malartóidh siad tuairimí faoi chuimsiú a ndlíthe, a rialachán agus a n-inniúlachtaí féin i réimsí na himirce, lena n-áirítear imirce rialta agus neamhrialta, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, imirce agus forbairt, tearmann agus cosaint idirnáisiúnta, filleadh, athligean isteach, imeascadh agus víosaí agus bainistiú teorann.

2. Comhoibreoidh na Páirtithe, lena n-áirítear trí chomhar teicniúil a d'fhéadfadh a bheith ann, maidir le faisnéis agus dea-chleachtais a bhaineann le beartais, rialacháin, institiúidí agus an tsochaí shibhialta a mhalartú, mar aon le comhroinnt sonraí agus staidrimh i ndáil leis an imirce.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun an imirce neamhrialta a chosc agus chun an smuigleáil inimirceach neamhdhleathach a chomhrac. Chun na críche sin:

(a) déanfaidh an tSile aon duine dá náisiúnaigh atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit a athligean isteach, arna iarraidh sin don Bhallstát agus, mura bhforáiltear a mhalairt le comhaontú sonrach, gan aon fhoirmiúlacht bhreise;

(b) déanfaidh gach Ballstát aon duine dá náisiúnaigh atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch na Sile a athligean isteach, arna iarraidh sin dó agus, mura bhforáiltear a mhalairt le comhaontú sonrach, gan aon fhoirmiúlacht bhreise;

(c) soláthróidh na Ballstáit agus an tSile doiciméid taistil iomchuí dá náisiúnaigh chun na gcríoch sin dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) agus (b), nó glacfaidh siad le húsáid dhoiciméid taistil Eorpacha chun filleadh;

(d) comhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach comhaontú sonrach a chaibidliú ina saineofar oibleagáidí maidir le hathligean isteach náisiúnach, lena n-áirítear cineálacha fianaise maidir le náisiúntacht; féadfar a áireamh sa chomhaontú sin freisin oibleagáid daoine ar náisiúnaigh tríú tír iad a athligean isteach, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme de chuid na bPáirtithe.

4. Geallann na Páirtithe go bhfeabhsóidh an comhar idirnáisiúnta maidir leis an imirce ar gach gné, lena n-áirítear faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, go háirithe maidir le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú an tráth céanna.

Airteagal 3.4

Cosaint chonsalach

Cuirfidh údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh air cosaint ar fáil d'aon náisiúnach de chuid Ballstáit nach bhfuil buanionadaíocht aige sa tSile, má tá siad in ann cosaint chonsalach a chur ar fáil go héifeachtach i gcás ar leith, faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le náisiúnaigh an Bhallstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh air.

Airteagal 3.5

Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn é a chosc agus a chomhrac úsáid a bhaint as a gcuid institiúidí airgeadais agus a gcuid gnólachtaí agus gairmeacha neamh-airgeadais ainmnithe chun sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus chun fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla a sciúradh. Chuige sin, déanfaidh siad faisnéis a mhalartú laistigh de chreat a reachtaíochta féin agus oibreoidh siad i gcomhar chun cur chun feidhme éifeachtach iomlán na moltaí ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) a áirithiú. Féadfar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh leis an gcomhar sin, aisghabháil, gabháil, coigistiú, rianú, sainaithint agus aischur sócmhainní nó cistí a bhaineann leis na torthaí ar choireacht.

Airteagal 3.6

Forfheidhmiú an dlí agus an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe trasnáisiúnta

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus malartóidh siad tuairimí maidir leis an gcoireacht thrasnáisiúnta eagraithe, eacnamaíoch agus airgeadais a chomhrac mar aon leis an ngáinneáil ar dhrugaí agus drugaí aindleathacha, an gháinneáil ar dhaoine agus cineálacha eile dúshaothraithe, éillithe, góchumtha, smuigleála agus idirbhearta neamhdhleathacha trína n-oibleagáidí idirnáisiúnta frithpháirteacha sa réimse sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus comhar éifeachtach maidir le sócmhainní nó cistí a dhíorthaítear ó ghníomhartha coiriúla a aisghabháil.

2. Malartóidh na Páirtithe taithí agus dea-chleachtais fhianaisebhunaithe maidir le ceapadh agus cur chun feidhme beartas a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe trasnáisiúnta.

3. Forbróidh na Páirtithe idirphlé agus comhar maidir le forfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear trí leanúint den chomhar straitéiseach le Europol, chomh maith le comhar breithiúnach straitéiseach, lena n-áirítear trí bhíthin Eurojust.

4. Féachfaidh na Páirtithe le dul i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta chun, de réir mar is iomchuí, cloí le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, arna ghlacadh an 15 Samhain 2000 le Rún 55/25 ó na Náisiúin Aontaithe, agus a Phrótacail fhorlíontacha, agus cur chun feidhme an Choinbhinsiún sin a chur chun cinn.

5. Déanfaidh na Páirtithe cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe a chur chun cinn, arna ghlacadh an 31 Deireadh Fómhair 2003 le Rún 58/4 ó na Náisiúin Aontaithe, chomh maith leis an tSásra don Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe arna bhunú ag Comhdháil na Stát atá ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe in Doha, 9-13 Samhain 2009 ('sásra athbhreithnithe'), lena n-áirítear trí chloí le prionsabal na trédhearcachta agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa sásra athbhreithnithe.

6. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le héilliú i dtrádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta agus, chuige sin, comhaontaíonn siad maidir le forálacha níos mionsonraithe a leagtar síos sa Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le hÉilliú a Chosc agus a Chomhrac.

7. Maidir leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe, comhaontaíonn na Páirtithe, go háirithe:

(a) faisnéis ábhartha agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le hábhair amhail an tsláine, an trédhearcacht phoiblí agus an frith-éilliú;

(b) faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, lena n-áirítear feachtais ardaithe feasachta agus modhanna oideachais maidir leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe.

Airteagal 3.7

Cibearchoireacht

1. Aithníonn na Páirtithe gur fadhb dhomhanda í an chibearchoireacht agus gur gá freagairt dhomhanda a thabhairt uirthi.

2. Neartóidh na Páirtithe a gcomhar chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac. Chun na críche sin, malartóidh siad faisnéis agus dea-chleachtais i gcomhréir lena ndlíthe agus lena ngealltanais idirnáisiúnta féin, amhail Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht, arna dhéanamh i mBúdaipeist an 23 Samhain 2001 ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist'), ar bhealach ina n-urramófar go hiomlán cearta an duine agus laistigh de theorainneacha a bhfreagrachta.

3. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir le hoideachas agus oiliúint imscrúdaitheoirí agus gairmithe nó ionchúisitheoirí eile atá speisialaithe i gcoireanna a bhaineann le ríomhairí agus san eolaíocht fhóiréinseach dhigiteach agus féadfaidh siad gníomhaíochtaí oiliúna comhpháirteacha a dhéanamh chun a leasa fhrithpháirtigh nó chun leasa tríú páirtithe.

4. Féachfaidh na Páirtithe le hoibriú le chéile i gcás inarb iomchuí chun cúnamh agus tacaíocht a sholáthar do Stáit eile chun dlíthe, beartais, cleachtais, oideachas agus oiliúint iomchuí a fhorbairt, i gcomhréir le Coinbhinsiún Bhúdaipeist agus á aithint gurb é an caighdeán idirnáisiúnta é i ndáil leis an gcibearchoireacht a chosc agus a chomhrac.

Airteagal 3.8

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí pearsanta a chosaint. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun urramú na gceart bunúsach sin a áirithiú, lena n-áirítear i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus chun an sceimhlitheoireacht agus coireanna tromchúiseacha trasnáisiúnta eile a chosc agus a chomhrac.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun ardleibhéal cosanta a chur chun cinn i leith sonraí pearsanta. Féadfar forbairt acmhainní, cúnamh teicniúil, malartú faisnéise agus saineolais, agus comhar trí chomhpháirteanna rialála i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a áireamh leis an gcomhar ar leibhéil dhéthaobhacha agus iltaobhacha de réir mar a chomhaontaíonn na Páirtithe go frithpháirteach.

CAIBIDIL 4

AN FHORBAIRT INBHUANAITHE

Airteagal 4.1

Forbairt inbhuanaithe

1. Déanfaidh na Páirtithe an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ina trí ghné, eadhon an ghné shóisialta, an ghné eacnamaíoch agus an ghné chomhshaoil, ar bhealach cuimsitheach cothrom trí idirphlé, trí ghníomhaíocht chomhpháirteach, trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, tríd an dea-rialachas ar gach leibhéal, trí straitéisí comhtháite forbartha inbhuanaithe faoi úinéireacht náisiúnta agus trí úsáid a bhaint as acmhainní airgeadais, agus an úsáid is fearr is féidir á baint as ionstraimí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

2. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ó na Náisiúin Aontaithe ('SDGanna') a bhaint amach trí thosaíocht a thabhairt do riachtanais agus d'úinéireacht náisiúnta gach Páirtí, agus na comhthéacsanna réigiúnacha agus áitiúla á gcur san áireamh, agus trí shineirgí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt le páirtithe leasmhara ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, rialtais áitiúla, an earnáil phríobháideach, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus an saol acadúil. Agus ról lárnach na rialtas i gcur chun cinn na forbartha á aithint acu, comhoibreoidh na Páirtithe freisin chun an earnáil phríobháideach, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, a spreagadh chun forbairt inbhuanaithe a chur san áireamh ina gcleachtais.

3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá na modhanna cur chun feidhme, lena n-áirítear maoiniú, aistriú teicneolaíochta, comhar teicniúil agus fothú acmhainneachta, chun Clár Oibre 2030 a chur i gcrích agus obair leantach a dhéanamh air trí pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear rialtais, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus gníomhaithe eile. I ndáil leis an méid sin, geallann siad go leanfaidh siad den obair chun an comhar idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear trí úsáid uirlisí nuálacha a chur chun cinn d'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht i bpatrúin tomhaltais agus táirgthe, agus féachfaidh siad le gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar an bhfás eacnamaíoch a dhíchúpláil ón díghrádú comhshaoil, lena n-áirítear trí bhíthin an gheilleagair chiorclaigh, beartais phoiblí agus straitéisí gnó.

5. Féachfaidh na Páirtithe le húsáid fhreagrach, inbhuanaithe, éifeachtúil acmhainní nádúrtha a chur chun cinn.

6. Féachfaidh na Páirtithe le feasacht a mhúscailt maidir leis na costais eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann le damáiste don chomhshaol agus a thionchar gaolmhar ar fholláine an duine, lena n-áirítear trí úsáid fianaise eolaíochtbhunaithe.

7. Beidh idirphlé beartais struchtúrtha rialta ag na Páirtithe maidir le forbairt inbhuanaithe agus baint amach na SDGanna chun feabhas a chur ar an gcomhordú beartais maidir le saincheisteanna leasa choitinn agus cáilíocht agus éifeachtacht an chomhordaithe sin.

8. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun breithnithe inscne a phríomhshruthú sna beartais agus sna hionstraimí éagsúla.

9. Rachfar i mbun comhar um fhorbairt i gcomhréir leis na prionsabail agus na beartais ábhartha arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta lenar chloígh an dá Pháirtí.

Airteagal 4.2

An comhar idirnáisiúnta

1. Aithníonn na Páirtithe cineál comhthairbheach an chomhair idirnáisiúnta agus a luach chun próisis forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn.

2. Spreagfaidh na Páirtithe comhar triantánach le tríú tíortha in ábhair leasa choitinn ar bhealach ina n-urramófar go hiomlán straitéisí agus tosaíochtaí na dtairbhithe. Cuirfidh siad neartú an lánpháirtithe réigiúnaigh chun cinn laistigh de Mheiriceá Laidineach agus de Mhuir Chairib agus aithníonn siad an tábhacht straitéiseach a bhaineann le comhar dé-réigiúnach cuimsitheach.

Airteagal 4.3

An comhshaol

1. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gá an comhshaol a chosaint agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú, a athbhunú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, go háirithe, maidir le hábhair amhail cearta rochtana maidir le gnóthaí comhshaoil, an bhithéagsúlacht agus limistéir faoi chosaint, talamh agus ithir, uisce, cáilíocht an aeir, faireachán ar an gcomhshaol, measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, bainistiú dramhaíola, freagracht leathnaithe táirgeoirí, athchúrsáil agus bainistiú substaintí ceimiceacha, measúnú tionchair iompair agus bainistiú iompair.

3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an rialachas idirnáisiúnta comhshaoil, lena n-áirítear cur chun feidhme comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu agus, de réir mar is iomchuí, rúin ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus ó fhóraim ábhartha eile, chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil atá ina n-ábhar leasa choitinn. Athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanas i dtaobh na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ar páirtí iontu é a chur chun feidhme.

4. Neartóidh na Páirtithe a gcomhar maidir leis an gcomhshaol agus sláinte an duine a chosaint, agus maidir le breithnithe comhshaoil a phríomhshruthú i ngach earnáil comhair, de réir mar is iomchuí, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) dea-rialachas comhshaoil a chur chun cinn i réimsí tosaíochta arna gcomhaontú go frithpháirteach;

(b) malartú faisnéise, saineolais theicniúil agus dea-chleachtas a chothú i réimsí amhail iad seo a leanas:

(i) an geilleagar glas agus ciorclach agus na teicnící is fearr atá ar fáil;

(ii) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe a bhaint as cuspóirí bithéagsúlachta, lena n-áirítear mapáil agus measúnú a dhéanamh ar éiceachórais agus a seirbhísí, a luacháil agus príomhshruthú na gcuspóirí sin i réimsí beartais ábhartha eile;

(iii) foraoisí a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe;

(iv) an comhrac in aghaidh na trádála neamhdhleathaí san fhiadhúlra, lena n-áirítear adhmad agus acmhainní bitheolaíocha eile;

(v) bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola;

(vi) beartas acmhainní uisce, ithreach agus úsáide talún;

(vii) truailliú aeir agus laghdú truailleán gearrshaolach;

(viii) an comhshaol cósta agus muirí a chaomhnú agus a bhainistiú;

(ix) tionchair shóisialta agus eacnamaíocha an díghrádaithe comhshaoil;

(x) an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar an gcomhshaol agus na deiseanna a bhaineann le gnólachtaí a ghlasú;

(xi) rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht agus ceartas i gcúrsaí comhshaoil;

(xii) taighde acadúil comhpháirteach i gcúrsaí comhshaoil.

Airteagal 4.4

An t-athrú aeráide

1. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhchoiteann ar mhaithe le forbairt íseal-astaíochtaí agus aeráid-díonach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt phráinneach an athraithe aeráide.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá rialacha agus comhaontuithe idirnáisiúnta i réimse an athraithe aeráide, go háirithe Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 ('UNFCCC'), Comhaontú Pháras, agus Prótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna dhéanamh in Kyoto an 11 Nollaig 1997.

3. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar faoi UNFCCC a neartú, chun Comhaontú Pháras agus a rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta faoin gComhaontú sin a chur chun feidhme.

4. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) comhar chun gealltanais agus gníomhaíochtaí a bhí ann roimh 2020 a chur chun feidhme chun iontaoibh fhrithpháirteach a chothú idir na Páirtithe;

(b) gníomhaíocht bhreise le déanamh ag na Páirtithe a éascú, bunaithe ar a ndíospóireachtaí náisiúnta agus ar a n-anailís bheartais;

(c) tacú le forbairt eacnamaíoch íseal-astaíochtaí i gcomhréir le Comhaontú Pháras;

(d) tacú le gach idirphlé agus rannpháirtíocht chuiditheach faoi UNFCCC, go háirithe an t-idirphlé agus an rannpháirtíocht sin a cruthaíodh chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn comhchoiteann i dtreo cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, amhail an t-athbhreithniú domhanda;

(e) idirphlé beartais agus comhar a fhorbairt i gcur chun feidhme an chreata trédhearcachta feabhsaithe arna bhunú le Comhaontú Pháras, i réimsí tosaíochta arna gcomhaontú go frithpháirteach, lena n-áirítear cumais náisiúnta a fheabhsú chun leibhéil trédhearcachta níos airde a bhaint amach;

(f) idirphlé déthaobhach agus comhar leasa fhrithpháirtigh a chur chun cinn d'fhonn tacú le próisis iltaobhacha, de réir mar is iomchuí, a bhféadfadh tionchar nach beag a bheith acu ar laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar agus eitlíocht idirnáisiúnta, go háirithe san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta;

(g) beartais agus cláir aeráide intíre a chur chun cinn lena dtacaítear le cuspóirí Chomhaontú Pháras sreafaí airgeadais a mhaolú, a oiriúnú agus a ailíniú, lena n-áirítear trí na spriocanna agus na gníomhaíochtaí atá i rannchuidithe na bPáirtithe faoin gComhaontú sin arna gcinneadh go náisiúnta;

(h) tacú le gníomhaíocht chun sreafaí airgeadais a ailíniú le bealach i dtreo astaíochtaí gás ceaptha teasa ísle agus forbairt aeráid-díonach, agus béim á leagan ar mhaoiniú cuimsitheach don aeráid, lena ndírítear ar na daoine is boichte agus ar ghrúpaí atá an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, amhail mná agus cailíní;

(i) idirphlé a chur chun cinn maidir le beartais agus bearta oiriúnúcháin a neartú, lena n-áirítear i gcúrsaí a bhaineann le maoiniú le haghaidh oiriúnú, measúnú ar thorthaí agus méadú ar an athléimneacht;

(j) sineirgí a chur chun cinn i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide ar gach leibhéal idir an riarachán poiblí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus gnó príobháideach, agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a chothú d'fhonn geilleagar íseal-astaíochtaí aeráid-díonach;

(k) ionstraimí beartais eacnamaíoch a chur chun cinn do ghníomhú ar son na haeráide, amhail an phraghsáil carbóin, ionstraimí margadhbhunaithe agus cánacha carbóin, de réir mar is iomchuí;

(l) feabhas a chur ar fhorbairt agus cur in úsáid teicneolaíochtaí íseal-astaíochtaí atá inmharthana ó thaobh tráchtála de agus teicneolaíochtaí eile atá neamhdhíobhálach don aeráid;

(m) iarrachtaí domhanda a chur chun cinn chun fóirdheontais neamhéifeachtúla i leith breoslaí iontaise a chuíchóiriú agus a chéimniú amach, ar fóirdheontais iad lena spreagtar tomhaltas diomailteach, agus riachtanais agus dálaí sonracha tíortha i mbéal forbartha á gcur san áireamh go hiomlán agus íoslaghdú á dhéanamh ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar a bhforbairt ar bhealach a chosnaíonn na pobail bhochta agus na pobail atá buailte;

(n) idirphlé déthaobhach a fheabhsú maidir le réimsí eile den bheartas aeráide a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus breithniú ar chuir chuige thrasnacha Chomhaontú Pháras agus Chlár Oibre 2030 a chothú.

Airteagal 4.5

Fuinneamh inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá earnáil an fhuinnimh do rathúnas eacnamaíoch agus do shíocháin agus cobhsaíocht idirnáisiúnta, agus cuireann siad i dtábhacht go bhfuil claochlú earnáil an fhuinnimh fíorthábhachtach chun na spriocanna a leagadh amach i gComhaontú Pháras agus i gClár Oibre 2030 a bhaint amach. Comhaontaíonn siad gur gá soláthairtí fuinnimh a fheabhsú agus a éagsúlú, an nuálaíocht a chur chun cinn, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun rochtain ar fhuinneamh sábháilte, inbhuanaithe atá fónta ó thaobh an chomhshaoil agus inacmhainne a áirithiú. Aithníonn na Páirtithe nach mbeidh an t-aistriú fuinnimh gan chostas sna réigiúin agus tacóidh siad le haistriú cóir. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo na spriocanna sin.

2. Coinneoidh na Páirtithe malartuithe faisnéise ar bun maidir le fuinneamh agus rachaidh siad i gcomhar ar bhonn déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach chun tacú le margaí oscailte agus iomaíocha, dea-chleachtais a chomhroinnt, rialú trédhearcach eolaíochtbhunaithe a chur chun cinn, agus réimsí comhair a phlé i ndáil le saincheisteanna fuinnimh.

3. Déanfar comhar idir na Páirtithe de bhun an Airteagail seo a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 15.14, chun sineirgí a áirithiú.

Airteagal 4.6

Rialachas na n-aigéan

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí, lena n-áirítear cosaint agus caomhnú na muirthimpeallachta, an naisc idir an t-aigéan agus an aeráid, caomhnú agus úsáid inbhuanaithe agus bainistiú freagrach iascaigh, dobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí muirí eile agus an méid a rannchuidíonn siad le deiseanna comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a sholáthar don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht.

2. Chuige sin, ar bhealach atá comhsheasmhach lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna ndéanamh in Montego Bay, an 10 Nollaig 1982, gabhann na Páirtithe orthu féin an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cur chun cinn go ndéanfaidh Stáit, ar féidir leo, an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le bithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, arna ghlacadh i Nua Eabhrac 19 Meitheamh 2023, a shíniú agus a dhaigniú, a fhormheas nó a ghlacadh;

(b) oibriú i gcomhar le chéile chun SDG 14 agus SDGanna gaolmhara eile a bhaint amach, lena n-áirítear i gcomhlachtaí agus próisis ábhartha réigiúnacha agus iltaobhacha;

(c) rannchuidiú le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú, lena n-áirítear trí bhearnaí rialála agus cur chun feidhme a líonadh;

(d) comhar agus comhairliúchán níos fearr a chur chun cinn, laistigh d'eagraíochtaí, d'ionstraimí agus de chomhlachtaí idirnáisiúnta inniúla agus eatarthu, d'fhonn rialachas na n-aigéan a neartú agus forfheidhmiú éifeachtach a chur chun cinn;

(e) bearta faireacháin, rialaithe agus faireachais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, amhail scéimeanna breathnóra, córais um fhaireachán soithí, trasloingsiú a rialú, cigireachtaí ar muir agus Rialú Stáit ar Chalafoirt agus smachtbhannaí gaolmhara de réir a ndlíthe agus rialachán féin, arb é is aidhm dóibh stoic éisc a chaomhnú agus ró-iascaireacht a chosc;

(f) gníomhartha a choinneáil ar bun nó a ghlacadh agus oibriú i gcomhar le chéile chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a mhalartú faoi ghníomhaíochtaí NNN ina gcuid uiscí agus beartais agus bearta a chur chun feidhme chun táirgí NNN a eisiamh ó shreabha trádála agus ó oibríochtaí feirmeoireachta éisc;

(g) oibriú i gcomhar le heagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh ina bhfuil an dá Pháirtí ina gcomhaltaí, ina mbreathnóirí nó ina bpáirtithe neamhchonarthacha comhoibríocha, agus i gcás inarb iomchuí sna heagraíochtaí sin, d'fhonn an dea-rialachas a bhaint amach;

(h) brú ar na haigéin a laghdú tríd an gcomhrac in aghaidh an truaillithe mhuirí agus an bhruscair mhuirí, lena n-áirítear truailliú muirí agus bruscar muirí ó fhoinsí talamhbhunaithe, ó phlaistigh agus ó mhicreaphlaistigh;

(i) oibriú i gcomhar chun bearta caomhnaithe agus uirlisí bainistíochta éiceachóras agus limistéarbhunaithe a fhorbairt, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, i gcomhréir le dlí gach Páirtí agus leis an dlí idirnáisiúnta agus bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil chun limistéir agus acmhainní cósta agus muirí a chosaint agus a athbhunú;

(j) neartú shábháilteacht agus shlándáil na n-aigéan a spreagadh trí dhea-chleachtais a mhalartú maidir le feidhmeanna garda cósta agus faireachas muirí, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe idir údaráis ábhartha;

(k) uirlisí limistéarbhunaithe a chur chun cinn amhail pleanáil spásúil mhuirí atá bunaithe ar éiceachórais agus bainistiú comhtháite na limistéar cósta a chur chun cinn chun gníomhaíochtaí muirí a bhainistiú agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe;

(l) oibriú i gcomhar chun taighde agus bailiú sonraí aigéin a neartú;

(m) tacú le taighde muirí agus cinntí eolaíochtbhunaithe i ndáil le bainistiú iascaigh agus le gníomhaíochtaí saothraithe eile maidir le hacmhainní muirí;

(n) oibriú i gcomhar chun éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide ar na haigéin, ar na céstaí agus ar na héiceachórais a íoslaghdú, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú, go háirithe dé-ocsaíd charbóin, agus chun gníomhaíochtaí oiriúnaithe éifeachtacha a bhaint amach agus tacaíocht do chur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta;

(o) forbairt an dobharshaothraithe inbhuanaithe fhreagraigh a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá sa Chód Iompair le haghaidh Iascach Freagrach, arna ghlacadh i Róimh an 31 Deireadh Fómhair 1995, ag Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe;

(p) dea-chleachtais a mhalartú maidir le forbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí áirithe a bhfuil leas ag na Páirtithe iontu.

Airteagal 4.7

Rioscaí tubaiste a laghdú

1. Aithníonn na Páirtithe gur gá bainistiú a dhéanamh ar rioscaí tubaiste nádúrtha agus de dhéanamh an duine ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar bhearta coisctheacha, maolaithe, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh chun rioscaí tubaiste a laghdú, cultúr coisc a chothú agus athléimneacht a sochaithe, a n-éiceachóras agus a mbonneagar a mhéadú, agus oibreoidh siad de réir mar is iomchuí ar leibhéil polaitiúil déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach chun laghdú rioscaí tubaiste domhanda a fheabhsú.

3. Geallann na Páirtithe malartú faisnéise agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí 2015-2030 a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, arna ghlacadh ag an Tríú Comhdháil Dhomhanda de chuid na Náisiún Aontaithe in Sendai na Seapáine, an 18 Márta 2015 trí ardáin réigiúnacha agus dhomhanda um chomhar, agus go háirithe maidir le measúnú riosca, cur chun feidhme pleananna laghdaithe rioscaí tubaiste ar gach leibhéal, agus bailiú agus úsáid staidrimh tubaistí agus sonraí maidir le caillteanas de dheasca tubaiste, lena n-áirítear meastóireacht eacnamaíoch ar thubaistí.

Airteagal 4.8

Forbairt an bheartais uirbigh

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le beartais chun forbairt uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn mar bhealach chun rannchuidiú go héifeachtach le cur chun feidhme chuspóirí Chlár Oibre 2030 agus an Chláir Oibre Uirbigh Nua.

2. Cuirfidh na Páirtithe comhar agus comhpháirtíocht chun cinn, a mbeidh na príomhghníomhairí uile i réimse na forbartha uirbí inbhuanaithe páirteach ann, go háirithe, maidir le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uirbeacha ar bhealach comhtháite cuimsitheach.

3. Forbróidh na Páirtithe, cibé uair is féidir, deiseanna coincréiteacha le haghaidh comhair idir cathracha maidir le réitigh inbhuanaithe ar dhúshláin uirbeacha, d'fhonn fothú acmhainneachta a fheabhsú trí thaithí agus cleachtas a mhalartú, agus trí fhoghlaim fhrithpháirteach.

Airteagal 4.9

Comhar in earnáil na talmhaíochta agus forbairt tuaithe [1]

1. Comhoibreoidh na Páirtithe sa talmhaíocht agus san fhorbairt tuaithe agus é de chuspóir comhchoiteann acu feabhas a chur ar athléimneacht agus inbhuanaitheacht an táirgthe bia, ar an talmhaíocht inbhuanaithe agus ar bhainistiú acmhainní nádúrtha amhail uisce agus gníomhú ar son na haeráide, córais chiorclacha bhia, lena n-áirítear caillteanas agus cur amú bia

[1] A mhéid a chumhdaítear na hábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo freisin i gCaibidil 14, déanfar an comhar dá dtagraítear san Airteagal seo i gcomhréir leis an gCaibidil sin.

a chosc agus a laghdú, eagraíochtaí táirgeoirí a chur chun cinn, tásca geografacha, taighde agus nuálaíocht, beartais forbartha tuaithe agus ionchas an mhargaidh talmhaíochta.

2. Aithníonn na Páirtithe na hiarrachtaí a rinneadh i bhfóraim idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar shlándáil dhomhanda an tsoláthair bia agus ar an gcothú agus ar thalmhaíocht inbhuanaithe, agus gealltanas a thabhairt go nglacfaidh siad páirt ghníomhach i gcomhar sna fóraim sin d'fhonn rannchuidiú, faoi 2030, le deireadh a chur leis an ocras agus le gach cineál míchothaithe.

3. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun rannchuidiú le Clár Oibre 2030 a bhaint amach san earnáil agraibhia, go háirithe SDGanna 1, 2, 12, 15, 17 agus SDGanna ábhartha eile.

4. Déanfaidh na Páirtithe comhpháirtíochtaí éifeachtacha poiblí, poiblí-príobháideacha agus na sochaí sibhialta a spreagadh agus a chur chun cinn, agus iad ag tógáil ar an taithí a fuarthas agus ar straitéisí maoiniúcháin na gcomhpháirtíochtaí dá dtagraítear in SDG 17. Chuige sin, féachfaidh na Páirtithe le comhar agus comhordú déthaobhach a bhaineann leis an talmhaíocht agus forbairt tuaithe a fheabhsú bunaithe ar phrionsabal a spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha faoi seach, dá dtagraítear sa Chomhaontú Glas don Aontas Eorpach, faoi Straitéis an Aontais Eorpaigh 'ón bhFeirm go dtí an forc' agus faoi Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh, agus faoi thionscnaimh inbhuanaitheachta agraibhia na Sile.

CAIBIDIL 5

COMHPHÁIRTÍOCHT EACNAMAÍOCH, SHÓISIALTA AGUS CHULTÚRTHA

Airteagal 5.1

Fiontraíocht agus tionsclaíocht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun timpeallacht fhabhrach a chur chun cinn d'fhorbairt agus d'iomaíochas feabhsaithe fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna') agus do chomhar i réimse an bheartais tionscail de réir mar is iomchuí. Áireofar leis an gcomhar sin:

(a) teagmhálacha idir oibreoirí eacnamaíocha a chur chun cinn, infheistíochtaí comhpháirteacha a spreagadh agus comhfhiontair agus líonraí faisnéise a bhunú trí bhíthin chláir chothrománacha atá ann cheana;

(b) faisnéis agus taithí a mhalartú maidir le creatdálaí a chruthú le haghaidh FBManna chun a n-iomaíochas a fheabhsú agus maidir le nósanna imeachta a bhaineann le FBManna a bhunú;

(c) gníomhaíochtaí FBManna na bPáirtithe a éascú;

(d) freagracht agus cuntasacht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn agus cleachtais fhreagracha ghnó a spreagadh, lena n-áirítear tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun éascú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhair ábhartha arna mbunú ag an earnáil phríobháideach.

Airteagal 5.2

Amhábhair

1. Aithníonn na Páirtithe gurb é cur chuige trédhearcach, margadhbhunaithe an bealach is fearr chun timpeallacht a chruthú atá fabhrach d'infheistíocht in earnáil na n-amhábhar.

2. Ar bhonn leasa fhrithpháirtigh, cuirfidh na Páirtithe an comhar chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le hamhábhair laistigh de shuíomhanna réigiúnacha nó iltaobhacha ábhartha nó trí idirphlé déthaobhach arna iarraidh sin do cheachtar den dá Pháirtí. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar sin trédhearcacht a chur chun cinn i margaí domhanda d'amhábhair agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe.

3. Déanfar an comhar idir na Páirtithe de bhun an Airteagail seo a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar Airteagal 15.14, chun sineirgí a áirithiú.

Airteagal 5.3

Iompar freagrach gnó, agus gnó agus cearta an duine

1. Tacóidh na Páirtithe le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar tagairt d'fhorálacha díchill chuí éifeachtacha maidir le cearta an duine sna pleananna sin agus go spreagfar iad sna pleananna sin.

2. Agus é á chur san áireamh go bhfuil sé de dhualgas ar Stáit cearta an duine a chosaint ina gcríoch i ndáil le gníomhaíocht ghnó, déanfaidh na Páirtithe iompar gnó freagrach a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta arna bhformhuiniú nó ar thacaigh na Páirtithe leo faoi Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, na Treoirlínte d'Fhiontair Ilnáisiúnta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus faoi Threoir ghinearálta ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh Iompar Gnó Freagrach, an Dearbhú Tripháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus Clár Oibre 2030.

Airteagal 5.4

Fostaíocht agus saincheisteanna sóisialta

1. Aithníonn na Páirtithe, i gcomhréir le Clár Oibre 2030, gurb é díothú gach cineáil bochtaineachta agus gach gné den bhochtaineacht, lena n-áirítear an fhíorbhochtaineacht, an dúshlán is mó ar gá don domhan dul i ngleic leis agus gur ceanglas fíor-riachtanach don fhorbairt inbhuanaithe é. I ndáil leis sin, comhaontaíonn siad faisnéis a mhalartú maidir le modhanna chun an bhochtaineacht a thomhas d'fhonn tacú le beartais fhianaisebhunaithe.

2. Admhaíonn na Páirtithe gur cheart caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú, poist ardcháilíochta a chruthú agus cosaint shóisialta agus obair chuibhiúil do gach duine – mná agus fir – a chur chun cinn a bheith i gcroílár na mbeartas fostaíochta agus sóisialta.

3. Déanfaidh na Páirtithe na prionsabail bhunúsacha agus na cearta bunúsacha san obair a leagtar amach i nDearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair arna ghlacadh sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998, agus sa dearbhú a leanann é, Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir, arna ghlacadh an 10 Meitheamh 2008 agus i gCoinbhinsiúin bhunúsacha chomhfhreagracha EIS, a urramú, a chur chun cinn agus a bhaint amach.

4. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar, lena n-áirítear an comhar idir comhpháirtithe sóisialta i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta, agus cuirfidh siad chun cinn malartuithe dea-chleachtas maidir le fostaíocht, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, cigireachtaí saothair, obair neamhdhearbhaithe, idirphlé sóisialta agus cosaint shóisialta agus saothair, lena n-áirítear measúnú ar thionchair an gheilleagair neamhfhoirmiúil chomh maith le haistrithe gairmiúla a bhainistiú.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe idirphlé tráthrialta a bhunú chun dul chun cinn na hoibre sna réimsí leasa choitinn sin agus dearadh agus éifeachtacht a gcuid beartas sna réimsí sin a thionlacan agus a athbhreithniú.

Airteagal 5.5

Daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas

1. Geallann na Páirtithe go n-oibreoidh siad ar mhaithe le leas, dínit agus cuimsiú éifeachtach grúpaí leochaileacha ina sochaithe, chomh maith leo siúd a mbíonn bacainní rompu ar a rannpháirtíocht sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile, go háirithe daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé aosú dearfach agus inrochtaineacht a chur chun cinn ar gach leibhéal le linn an tsaoil. Aithníonn na Páirtithe freisin a thábhachtaí atá sé na hoibleagáidí inrochtaineachta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a chomhlíonadh, arna ghlacadh an 13 Nollaig 2006.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus a fhorbairt chun tacú le deiseanna i margadh an tsaothair agus cuimsiú sóisialta daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a mhéadú;

(b) oideachas cuimsitheach agus foghlaim ar feadh an tsaoil a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe leanaí agus daoine óga, agus do dhaoine scothaosta;

(c) gníomhaíochtaí spriocdhírithe a chur chun cinn lena ndíreofar ar dhaoine faoi mhíchumas meabhrach agus intleachta agus ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte a chuimsiú, chomh maith le slánú agus athshlánú na ndaoine sin;

(d) dea-chleachtais maidir le gairis chúnta a shainaithint agus a mhalartú, lena n-áirítear na cinn sin a úsáidtear i soláthar cúraim chun maireachtáil neamhspleách a chothú agus atá inúsáidte do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas araon, lena n-áirítear iad siúd atá i staideanna spleáchais;

(e) inrochtaineacht táirgí agus seirbhísí a fheabhsú ar bhealach comhleanúnach chun rochtain a áirithiú ar bhonn comhionann agus gan idirdhealú in aghaidh daoine faoi mhíchumas nó daoine scothaosta.

Airteagal 5.6

An Óige

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an óige chun an fás agus an rathúnas a spreagadh. I ndáil leis an méid sin, leagfaidh na Páirtithe béim ar a thábhachtaí atá sé fostaíocht agus poist chuibhiúla a chruthú do dhaoine óga, chomh maith le tionscadail a fhorbairt atá dírithe ar a rannpháirtíocht shibhialta a mhéadú.

2. Comhoibreoidh na Páirtithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga sa tsochaí shibhialta a éascú;

(b) comhar agus malartuithe i réimse an bheartais óige agus oideachais neamhfhoirmiúil a fhothú le haghaidh na hóige agus oibrithe óige;

(c) forbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach a chur chun cinn trí dhul i mbun idirphlé d'fhonn tacú le feachtais feasachta atá dírithe ar an óige maidir le cearta an duine agus neamh-idirdhealú.

3. Laistigh den chreat sin, déanfaidh siad obair chomhpháirteach chun an bhulaíocht agus an foréigean a chomhrac i bhforais oideachais.

Airteagal 5.7

Cultúr

1. Comhoibreoidh na Páirtithe i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), chun cuspóirí comhchoiteanna a shaothrú agus éagsúlacht chultúrtha a chothú, lena n-áirítear trí Choinbhinsiún UNESCO ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn a chur chun feidhme, arna ghlacadh i bPáras an 20 Deireadh Fómhair 2005.

2. Déanfaidh na Páirtithe idirphlé agus comhar níos dlúithe a chur chun cinn in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear maidir le teicneolaíochtaí agus meáin chlosamhairc atá ag teacht chun cinn agus nua, agus aird á tabhairt ar na comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana idir an tSile agus na Ballstáit, chun feabhas a chur, *inter alia*, ar thuiscint fhrithpháirteach agus ar eolas frithpháirteach ar a gcultúir faoi seach agus ar a malartuithe sa réimse sin.

3. Féachfaidh na Páirtithe le bearta iomchuí a dhéanamh chun malartuithe cultúrtha a chur chun cinn agus chun tionscnaimh chomhpháirteacha a chur i gcrích i réimsí cultúrtha éagsúla, lena n-áirítear comhléiriúchán i dtionscail na meán, na scannán agus na teilifíse, agus úsáid á baint as na hionstraimí agus na creataí comhair atá ar fáil.

4. Spreagfaidh na Páirtithe comhphlé idirchultúrtha idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus idir daoine aonair as na Páirtithe chomh maith.

Airteagal 5.8

Taighde agus nuálaíocht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimse an taighde eolaíoch, na forbartha teicneolaíche agus na nuálaíochta ar bhonn leasa choitinn agus tairbhe fhrithpháirtigh agus i gcomhréir lena rialacha agus a bhforálacha inmheánacha. Beidh an comhar sin dírithe ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin shochaíocha

dhomhanda, barr feabhais eolaíoch a bhaint amach, iomaíochas réigiúnach a fheabhsú agus an caidreamh idir na Páirtithe a neartú, as a dtiocfaidh comhpháirtíocht fhadtréimhseach. Cothóidh na Páirtithe idirphlé beartais agus úsáidfidh siad a n-ionstraimí éagsúla, amhail an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Sile, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 23 Meán Fómhair 2002, ar bhealach comhlántach.

2. Féachfaidh na Páirtithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) feabhas a chur ar dhálaí le haghaidh soghluaisteacht taighdeoirí, eolaithe, saineolaithe, mac léinn agus fiontraithe agus gluaiseacht ábhair agus trealaimh thar theorainneacha;

(b) rochtain chómhalartach a éascú ar chláir eolaíochta, theicneolaíochta agus nuálaíochta, bonneagair thaighde agus saoráidí, foilseacháin agus sonraí eolaíochta a chéile;

(c) comhar a mhéadú i dtaighde agus caighdeánú réamhnormatach;

(d) comhphrionsabail a chur chun cinn chun go gcaithfear le cearta maoine intleachtúla i dtionscadail taighde agus nuálaíochta ar bhealach cothrom agus comhionann;

(e) idirphlé beartais maidir leis an nuálaíocht a spreagadh, atá dírithe ar FBManna go háirithe, d'fhonn earraí agus seirbhísí nua a ghiniúint agus nuálaíocht theicneolaíoch agus fiontraíocht a spreagadh;

(f) méadú a dhéanamh ar líon na dtionscadal gnó comhpháirteach taighde fheidhmigh agus forbartha lena bhféachtar le réitigh nuálacha a ghiniúint ar fhadhbanna agus dúshláin choiteanna;

(g) líonraí agus naisc a chothú idir institiúidí taighde agus nuálaíochta, amhail ollscoileanna agus lárionaid taighde agus cuideachtaí, i réigiúin na bPáirtithe chun gníomhaíochtaí gar don mhargadh a fhorbairt;

(h) tacú le cláir nuálaíochta sóisialta agus poiblí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fhorbairt shóisialta na réigiún agus ar cháilíocht saoil na saoránach go háirithe;

(i) comhar agus malartú dea-chleachtas, beartas agus straitéisí a chur chun cinn, lena n-áirítear dúshláin dhomhanda, idir lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí nuálaíochta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

3. Cuirfidh na Páirtithe na gníomhaíochtaí seo a leanas chun cinn, a mbeidh eagraíochtaí rialtais, ionaid taighde phoiblí agus phríobháideacha, institiúidí ardoideachais, gníomhaireachtaí agus líonraí nuálaíochta, agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear FBManna, páirteach iontu:

(a) tionscnaimh chomhpháirteacha chun feasacht a ardú faoi chláir eolaíochta, theicneolaíochta, nuálaíochta agus fothaithe acmhainneachta agus deiseanna chun bheith rannpháirteach i gcláir a chéile;

(b) cruinnithe agus ceardlanna comhpháirteacha a bheidh dírithe ar fhaisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú agus réimsí a shainaithint le haghaidh taighde comhpháirteach;

(c) gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus cómhaoinithe taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear líonraí téamacha, i réimsí leasa choitinn;

(d) measúnú agus meastóireacht a aithnítear go frithpháirteach ar chomhar eolaíochta agus nuálaíochta agus scaipeadh na dtorthaí comhfhreagracha.

Airteagal 5.9

Comhar polach

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an t-idirphlé agus an comhar ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach in ábhair pholacha. Déanfar an comhar sin a threorú trí shain-idirphlé agus trí mhalartú dea-chleachtas, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha.

Airteagal 5.10

Beartas digiteach

1. Aithníonn na Páirtithe go gcuireann teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ('TFC') leis an bhforbairt eacnamaíoch, oideachais agus shóisialta. Malartóidh na Páirtithe tuairimí faoina mbeartais faoi seach sa réimse sin.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le beartais TFC. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) tuairimí a mhalartú ar na gnéithe difriúla den Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach an Aontais Eorpaigh, go háirithe beartais agus rialáil na cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí leathanbhanda, príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint, sreafaí sonraí, ceanglais maidir le logánú sonraí, ríomhsheirbhísí rialtais, rialtas oscailte, sonraí oscailte, slándáil idirlín, ríomhsheirbhísí sláinte, agus neamhspleáchas údarás rialála;

(b) tuairimí a mhalartú maidir le neodracht líonra, mar phrionsabal chun idirlíon saor agus oscailte a chur chun cinn, agus cruthú seirbhísí agus feidhmchlár ar líne agus rochtain orthu ar mhaithe leis na saoránaigh uile;

(c) TFC a chur chun cinn mar mhodh forbartha sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíche, cuimsiú sóisialta agus digiteach agus éagsúlacht chultúrtha mar aon le huirlis fíor-riachtanach chun nascacht a spreagadh i scoileanna agus chun líonraí taighde agus acadúla a fhorbairt;

(d) idirnascadh agus idir-inoibritheacht líonraí taighde a fhorbairt, mar aon le bonneagair agus seirbhísí ríomhaireachta agus sonraí eolaíocha, agus an fhorbairt sin a chur chun cinn ina comhthéacs réigiúnach;

(e) oibriú i gcomhar i réimse na ríomhsheirbhísí rialtais agus iontaoibh a chur i seirbhísí amhail ríomhshíniú agus ríomh-shainaitheantas, ag díriú ar phrionsabail bheartais, faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le TFC a úsáid chun riarachán poiblí a nuachóiriú agus chun seirbhísí poiblí ardcháilíochta a chur chun cinn agus acmhainní poiblí a bhainistiú ar bhealach trédhearcach;

(f) faisnéis a mhalartú faoi chaighdeáin, measúnú comhréireachta agus cineálcheadú, *inter alia*, chun trádáil a éascú;

(g) malartú saineolaithe agus oiliúint do na speisialtóirí sin a chur chun cinn, go háirithe gairmithe óga agus mná;

(h) scileanna digiteacha a chur chun cinn.

Airteagal 5.11

Oideachas agus ardoideachas

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimse an oideachais d'fhonn tacú le caipiteal daonna a fhorbairt, go háirithe ar leibhéal an ardoideachais.

2. Chun tacú le cáilíocht agus nuachóiriú córas ardoideachais, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) soghluaisteacht mac léinn, acadóirí agus foirne riaracháin a chur chun cinn trí chláir atá ann cheana nó trí chláir nua;

(b) acmhainneachtaí in institiúidí ardoideachais a fheabhsú;

(c) feabhas a chur ar shásraí chun cáilíochtaí agus tréimhsí staidéir thar lear a aithint, i gcomhréir le dlí gach Páirtí.

Airteagal 5.12

Gníomhaíochtaí loingseoireachta satailíte sibhialta, fhaire na cruinne agus gníomhaíochtaí spáis eile

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil tionchar dearfach ag gníomhaíochtaí spáis ar fhorbairt chomhshaoil eacnamaíoch, shóisialta agus inbhuanaithe agus ar iomaíochas tionsclaíoch.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus lena ndlí féin, maidir le hábhair leasa choitinn i réimse na ngníomhaíochtaí spáis shibhialta, amhail:

(a) taighde ar an spás, lena n-áirítear taighde ar loingseoireacht satailíte agus ar fhaire na cruinne trí rannpháirtíocht sa chlár Fís Eorpach;

(b) comhar maidir le feidhmchláir agus seirbhísí córas domhanda satailíte lum loingseoireacht satailíte, lena n-áirítear go háirithe taighde eolaíoch, comhar tionsclaíoch, trádáil agus forbairt margaidh, caighdeáin iarratais, bearta deimhniúcháin agus rialála;

(c) córais méadúcháin satailíte a fhorbairt, go háirithe le haghaidh córais aeriompair nó mhéadúcháin, cosaint fhrithpháirteach bhonneagar na gcóras loingseoireachta satailíte, comhar maidir le hidir-inoibritheacht, comhoiriúnacht agus úsáid speictrim;

(d) faire na cruinne agus domhaneolaíocht, lena n-áirítear comhar i bhfóraim iltaobhacha agus go háirithe sa Ghrúpa um Fhaire na Cruinne ('GEO'), agus an Coiste um Shatailít Fhaire na Cruinne ('CEOS') chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus chun comhpháirtíochtaí gnó agus nuálaíochta i ndáil le faire na cruinne a éascú faoi chuimsiú chomhpháirt Copernicus de Chlár Spáis an Aontais trí réimsí leasa choitinn a shainaithint;

(e) cumarsáid satailíte.

Airteagal 5.13

Turasóireacht

1. Comhoibreoidh na Páirtithe i réimse na turasóireachta d'fhonn malartú faisnéise a fheabhsú agus dea-chleachtais a bhunú chun forbairt chothrom agus inbhuanaithe na turasóireachta a áirithiú agus chun tacú le cruthú post, forbairt eacnamaíoch agus feabhsú cáilíochta saoil.

2. Díreoidh na Páirtithe go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) acmhainneacht na hoidhreachta nádúrtha agus na hoidhreachta cultúrtha a chosaint agus a uasmhéadú;

(b) sláine agus leasanna na bpobal áitiúil a urramú;

(c) comhar a chur chun cinn idir réigiúin na bPáirtithe agus réigiúin agus bardais na dtíortha comharsanachta;

(d) malartú faisnéise agus comhar a chur chun cinn le haghaidh tionscail chruthaitheacha agus nuálaíocht in earnáil na turasóireachta.

Airteagal 5.14

Staidreamh

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimse an Staidrimh.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) comhchuibhiú modheolaíochtaí staidrimh a chur chun cinn chun feabhas a chur ar inchomparáideacht sonraí;

(b) staidreamh oifigiúil a tháirgeadh agus a scaipeadh agus táscairí a fhorbairt;

(c) eolas agus dea-chleachtais a mhalartú idir institiúidí oifigiúla na Sile atá i gceannas ar ábhair agus nósanna imeachta staidrimh agus a gcontrapháirtithe san Aontas Eorpach.

Airteagal 5.15

Iompar

1. Oibreoidh na Páirtithe i réimsí ábhartha an bheartais iompair, lena n-áirítear beartas iompair comhtháite, d'fhonn córas iompair éifeachtach, inbhuanaithe, sábháilte, slán agus neamhdhíobhálach do phaisinéirí agus d'earraí araon a fhorbairt agus tacú leis.

2. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar sin na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

(a) malartú faisnéise maidir lena mbeartais iompair, caighdeáin iompair agus dea-chleachtais iompair féin agus ábhair leasa fhrithpháirtigh eile;

(b) idirnascadh agus idir-inoibritheacht gréasán;

(c) cur chuige córais iompair ilmhódaigh;

(d) timpeallacht atá fabhrach don infheistíocht;

(e) sábháilteacht agus slándáil na gcóras iompair;

(f) saincheisteanna iompair a bhaineann leis an gcomhshaol;

(g) réitigh iompair ísealcharbóin nó atá saor ó charbón, taighde agus nuálaíocht, réitigh chliste agus dhigiteacha;

(h) sain-idirphlé agus comhar a éascú laistigh d'fhóraim iompair idirnáisiúnta;

(i) réitigh iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear i ndáil le soghluaisteacht uirbeach; agus

(j) éascú trádála, éifeachtúlacht mhéadaithe agus barrfheabhsú oibríochtaí iompair agus lóistíochta trí dhigitiú agus simpliú na gceanglas maidir le tuairisciú ar fud na modhanna iompair uile.

CAIBIDIL 6

RÉIMSÍ EILE

Airteagal 6.1

Beartais mhaicreacnamaíocha

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus cuirfidh siad malartú faisnéise agus tuairimí maidir le beartais agus treochtaí maicreacnamaíocha chun cinn.

Airteagal 6.2

Cúrsaí cánach

Aithníonn na Comhpháirtithe agus tugann siad gealltanas dá réir cur chun feidhme phrionsabail an dea-rialachais i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear na caighdeáin dhomhanda maidir le trédhearcacht, malartú faisnéise agus caighdeáin íosta in aghaidh chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (BEPS), a bhaint amach, chomh maith le cleachtais chánach dhíobhálacha a dhíothú. Cuirfidh na Páirtithe cothrom na Féinne chun cinn agus oibreoidh siad chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta i réimse an chánachais chun seachaint cánach agus imghabháil cánach a chosc.

Airteagal 6.3

Beartas tomhaltóirí

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú agus, chuige sin, féachfaidh siad le dul i gcomhar sa réimse a bhaineann le beartas tomhaltóirí. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfaí an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an gcomhar sin, a mhéid is féidir:

(a) faisnéis a mhalartú maidir lena gcreataí cosanta tomhaltóirí faoi seach, lena n-áirítear maidir le dlíthe tomhaltóirí, sábháilteacht táirgí tomhaltóirí, sásamh tomhaltóirí agus forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le tomhaltóirí;

(b) forbairt comhlachas tomhaltóirí neamhspleách agus teagmhálacha idir ionadaithe tomhaltóirí a spreagadh.

Airteagal 6.4

An tsláinte phoiblí

Comhaontaíonn na Páirtithe comhoibriú i gcúrsaí sláinte poiblí, go háirithe a mhéid a bhaineann le galair theagmhálacha a chosc agus a rialú, ullmhacht chun ráigeanna galar ardphataigineach a chomhrac, forfheidhmiú na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), arna ghlacadh an 23 Bealtaine 2005 ag an gComhthionól Domhanda Sláinte, agus an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac.

Airteagal 6.5

Comhar i réimse an spóirt agus na gníomhaíochta coirp

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i réimse an spóirt agus na gníomhaíochta coirp mar bhealach chun stíl mhaireachtála ghníomhach agus fholláin a fhorbairt, lena n-áirítear cur chun cinn na gníomhaíochta coirp chun an tsláinte a fheabhsú i ngach aoisghrúpa, róil shóisialta agus luachanna oideachais an spóirt a chur chun cinn, agus bagairtí in aghaidh an spóirt a chomhrac, amhail an dópáil, an chúbláil cluichí, an ciníochas agus an foréigean.

CAIBIDIL 7

NUACHÓIRIÚ AN STÁIT AGUS NA SEIRBHÍSE POIBLÍ, DÍLÁRÚ, BEARTAS RÉIGIÚNACH AGUS COMHAR IDIRINSTITIÚIDEACH

Airteagal 7.1

Nuachóiriú stáit

I gcomhthéacs a n-idirphlé polaitiúil agus a gcomhar polaitiúil, oibreoidh na Páirtithe chun taithí a mhalartú maidir le hábhair a bhaineann le nuachóiriú agus dílárú an Stáit agus an riaracháin phoiblí, agus leas á bhaint as ceachtanna ó dhea-chleachtais na bPáirtithe maidir le héifeachtacht eagraíochtúil dhomhanda agus as an reachtaíocht agus an creat institiúideach atá ann cheana d'fhonn dea-rialachas a bhaint amach, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) aitheantas a thabhairt do neamhspleáchas agus do ról na nUasinstitiúidí Iniúchóireachta maidir leis an dea-rialachas a chur chun cinn ar gach leibhéal trí éifeachtúlacht, cuntasacht, éifeachtacht agus trédhearcacht a áirithiú;

(b) trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn i mbeartais phoiblí agus i gcinnteoireacht i ndáil lena saoránach, agus ról na sochaí sibhialta sa réimse sin a neartú;

(c) cultúr ionracais agus macántachta a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí lena gcuimsítear an tsochaí ina hiomláine, i gcomhar leis an earnáil phríobháideach agus leis an tsochaí shibhialta;

(d) nuálaíocht san earnáil phoiblí a chur chun cinn, tacú léi agus í a spreagadh, réitigh a sholáthar ar na fadhbanna agus ar na dúshláin a bhaineann lena leibhéil agus lena réimsí oibre éagsúla, ionas go nginfidh siad luach poiblí san éiceachóras nuálaíochta agus sa tsochaí.

Airteagal 7.2

Beartas réigiúnach agus dílárú

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá beartais a bhfuil sé mar aidhm leo forbairt réigiúnach agus chríochach chothrom inbhuanaithe a chur chun cinn. Admhaíonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le réigiúin agus le hobair le rialtais fhonáisiúnta, agus conas is féidir leo eolas tábhachtach a sholáthar faoi bheartais phoiblí i gcomhréir le ceanglais dhílárú na Sile amach anseo.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, nuair is féidir, d'fhonn feabhas a chur ar chórais rialachais ar leibhéil éagsúla, fothú acmhainneachta trí thaithí agus cleachtais a mhalartú agus foghlaim fhrithpháirteach, maidir le réitigh inbhuanaithe ar dhúshláin forbartha críochaí agus réigiúnaí, maidir le beartais arb é is aidhm dóibh comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach a chur chun cinn, lena n-áirítear comhar trasteorann, maidir le beartas réigiúnach a bhunú agus a chur chun feidhme agus maidir le straitéisí forbartha críochaí a eagrú agus maidir le saincheisteanna comhpháirtíochta, nósanna imeachta agus modhanna pleanála agus meastóireachta, nuálaíocht réigiúnach agus beartais um speisialtóireacht chliste.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin dinimic agus deiseanna comhair idir réigiúin an Aontais Eorpaigh agus réigiúin na Sile a neartú agus a leathnú, nuair is féidir, trí chláir chomhpháirteacha agus tionscadail chomhpháirteacha a cheapadh agus a chur i gcrích arb é is aidhm dóibh, *inter alia*, forbairt réigiúnach agus chríochach a fhorbairt.

4. Féachfaidh na Páirtithe le taithí agus dea-chleachtais a mhalartú maidir leis na hidirghaolta idir dílárú agus cur chun feidhme an bheartais réigiúnaigh.

Airteagal 7.3

Comhar idirinstitiúideach

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin idirphlé agus comhar níos dlúithe a spreagadh agus a éascú idir na hinstitiúidí lena mbaineann in aon cheann de na réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Chun na críche sin, spreagfaidh na Páirtithe teagmhálacha idir institiúidí Rialtas na Sile agus an earnáil phoiblí agus institiúidí ábhartha eile na Sile lena gcontrapháirtithe san Aontas Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhar earnála is leithne is féidir, agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

(a) an t-éilliú a chosc agus an t-éilliú a chomhrac;

(b) oiliúint agus tacaíocht eagraíochtúil;

(c) cúnamh teicniúil arna sholáthar d'institiúidí na Sile atá freagrach as beartais phoiblí a ghiniúint, a chur i gcrích agus as meastóireacht a dhéanamh orthu agus as faisnéis a sholáthar maidir leis na beartais sin, lena n-áirítear cruinnithe d'fhoireann institiúidí an Aontais Eorpaigh le contrapháirtithe ón tSile;

(d) malartú rialta faisnéise, mar a mheastar a bheith iomchuí, lena n-áirítear trí úsáid teicneolaíochtaí cumarsáide faisnéise, agus líonraí faisnéise a fhorbairt, agus coimirciú sonraí pearsanta i ngach réimse ina n-éilítear malartú sonraí á cosaint an tráth céanna;

(e) malartú faisnéise agus dea-chleachtas maidir le digitiú nósanna imeachta Stáit a bhaineann le soláthar seirbhísí do shaoránaigh;

(f) saineolas a aistriú;

(g) réamhstaidéir agus cur i gcrích comhpháirteach tionscadal lena mbaineann rannchuidiú airgeadais comhréireach;

(h) pleananna gníomhaíochta a fhorbairt lena n-áirítear pointí fócasacha, amchláir agus sásraí measúnaithe;

(i) rannchuidiú le cumas, inniúlachtaí agus scileanna a ghiniúint i réimse na nuálaíochta poiblí.

2. Féadfaidh na Páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, réimsí eile gníomhaíochta a chur leis na réimsí sin dá dtagraítear i mír 1.

CUID III

TRÁDÁIL AGUS ÁBHAIR A BHAINEANN LE TRÁDÁIL

CAIBIDIL 8

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS INSTITIÚIDEACHA

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 8.1

Bunú limistéir saorthrádála

Leis seo, bunaíonn na Páirtithe limistéar saorthrádála, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994 agus le hAirteagal V de GATS.

Airteagal 8.2

Cuspóirí

Tá sé de chuspóir ag an gCuid seo den Chomhaontú seo:

(a) trádáil earraí a leathnú agus a éagsúlú, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994, idir na Páirtithe trí bhacainní taraife agus bacainní neamhtharaife ar thrádáil a laghdú nó a dhíothú;

(b) trádáil earraí a éascú, go háirithe trí na forálacha maidir le custaim agus éascú trádála, caighdeáin, rialacháin theicniúla, nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, agus bearta sláintíochta agus físeashláintíochta, agus caomhnú a dhéanamh ag an am céanna ar cheart gach Páirtí chun rialáil d'fhonn cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach;

(c) léirscaoileadh na trádála i seirbhísí, i gcomhréir le hAirteagal V de GATS;

(d) cúinsí eacnamaíochta a fhorbairt a bheidh fabhrach do shreafaí infheistíochta méadaithe, feabhas a chur ar na coinníollacha bunaíochta ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus ag an am céanna, caomhnú a dhéanamh ar an gceart atá ag gach Páirtí maidir leis na bearta is gá a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú chun cuspóirí beartais dlisteanacha a shaothrú;

(e) trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe a éascú, lena n-áirítear trí aistriú saor íocaíochtaí reatha agus gluaiseachtaí caipitil;

(f) timpeallacht a fhorbairt atá fabhrach d'infheistíocht trí rialacha trédhearcacha, cobhsaí agus intuartha a sholáthar lena ráthaítear cóir chothrom d'infheisteoirí agus córas cúirte a bhunú chun díospóidí idir infheisteoirí agus an stát a réiteach ar bhealach éifeachtach, cothrom agus intuartha;

(g) margaí soláthair phoiblí na bPáirtithe a oscailt go héifeachtach agus go cómhalartach;

(h) an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chur chun cinn trí chosaint leordhóthanach agus éifeachtach ceart maoine intleachtúla a áirithiú i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme idir na Páirtithe;

(i) coinníollacha a chur chun cinn lena gcothaítear iomaíocht neamhshaofa, go háirithe maidir le trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe;

(j) trádáil idirnáisiúnta a fhorbairt ar bhealach a chuireann le forbairt inbhuanaithe ó thaobh a gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de; agus

(k) sásra um réiteach díospóidí a bheadh éifeachtach, cóir agus intuartha a bhunú chun díospóidí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Coda seo den Chomhaontú seo a réiteach.

Airteagal 8.3

Sainmhínithe a bhfuil feidhm ghinearálta acu

Chun críocha na Coda seo den Chomhaontú seo, maidir le hIarscríbhinní 9, 10-A go 10-E, 13-A go 13-H, 15-A, 15-B, 16-A, 16-B, 16-C, 17-A go 17-I, 19-A, 19-B, 19-C, 21-A, 21-B, 25, 28-A, 28-B, 29, 32-A, 32-B, 32-C, 38-A agus 38-B agus na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo:

(a) ciallaíonn 'Comhaontú maidir le Talmhaíocht' an Comhaontú maidir le Talmhaíocht atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(b) ciallaíonn 'Comhaontú Frithdhumpála' an Comhaontú maidir le hAirteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil a Chur chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(c) ciallaíonn 'dleacht chustaim' aon dleacht nó muirear d'aon chineál a fhorchuirtear ar allmhairiú earra nó i ndáil leis an allmhairiú sin, nach bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh leis:

(i) muirear atá coibhéiseach le cáin inmheánach arna forchur i gcomhréir le hAirteagal 9.4 den Chomhaontú seo;

(ii) dleacht frithdhumpála, dleacht choimirce speisialta, dleacht frithchúitimh nó dleacht choimirce arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le GATT 1994, leis an gComhaontú Frithdhumpála, leis an gComhaontú maidir le Talmhaíocht, leis an gComhaontú SCM agus leis an gComhaontú maidir le Bearta Cosanta, de réir mar is iomchuí; agus

(iii) táille nó muirear eile a fhorchuirtear ar allmhairiú, nó i ndáil le hallmhairiú, a bhfuil teorainn lena mhéid le neaschostas na seirbhísí a tugadh;

(d) ciallaíonn 'CPC' an tAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach (Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 77, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta Idirnáisiúnta, Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, 1991);

(e) ciallaíonn 'laethanta' laethanta féilire, lena n-áirítear an deireadh seachtaine agus laethanta saoire;

(f) ciallaíonn 'atá ann cheana' atá i bhfeidhm ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;

(g) ciallaíonn 'GATS' an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí, atá in Iarscríbhinn 1B a ghabhann le Comhaontú EDT;

(h) ciallaíonn 'GATT 1994' an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(i) ciallaíonn 'earraí de chuid Páirtí' earra intíre mar a thuigtear in GATT 1994, lena n-áirítear earraí tionscnaimh de chuid an Pháirtí sin;

(j) ciallaíonn 'Córas Comhchuibhithe' nó 'CC' an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, lena n-áirítear a Rialacha Ginearálta um Léirmhíniú, Nótaí Roinne, Nótaí Caibidle agus Nótaí Fo-cheannteidil, arna bhforbairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim;

(k) ciallaíonn 'ceannteideal' na chéad cheithre dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe;

(l) ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlíthiúil atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht phoiblí, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;

(m) ciallaíonn 'beart' aon bheart a dhéanann Páirtí, cibé acu i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, cinnidh, gnímh riaracháin, ceanglais nó cleachtais, nó aon fhoirm eile;

(n) ciallaíonn 'beart de chuid Páirtí' aon bheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ag: [2]

(i) rialtais agus údaráis ar gach leibhéal;

[2] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le 'beart' neamhghníomhartha Páirtí maidir le bearta a dhéanamh, ar bearta iad a bhfuil gá leo chun a oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh.

(ii) comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis ar gach leibhéal ([3]); nó

(iii) aon eintiteas atá ag gníomhú ar threoracha ó Pháirtí nó faoi stiúir nó faoi rialú Páirtí maidir leis an mbeart ([4]);

(o) ciallaíonn 'duine nádúrtha':

(i) i gcás an Pháirtí AE, náisiúnach de Bhallstát, de réir a dhlí ([5]); agus

(ii) i gcás na Sile, náisiúnach den tSile, de réir a dlí;

(p) ciallaíonn 'earra tionscnaimh' earra atá incháilithe faoi na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i gCaibidil 10;

(q) ciallaíonn 'duine' duine nádúrtha nó duine dlítheanach;

(r) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha atá aitheanta nó inaitheanta;

(s) ciallaíonn 'Comhaontú maidir le Bearta Cosanta' an Comhaontú maidir le Bearta Cosanta atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(t) ciallaíonn 'beart sláintíochta nó fíteashláintíochta' aon bheart dá dtagraítear i mír 1 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS;

(u) ciallaíonn 'Comhaontú SCM' an Comhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(v) ciallaíonn 'Comhaontú SPS' an Comhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(w) ciallaíonn 'Comhaontú BTT' an Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú EDT;

(x) ciallaíonn 'Comhaontú TRIPS' an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1C a ghabhann le Comhaontú EDT; agus

(y) ciallaíonn 'Comhaontú EDT' Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh in Marrakech an 15 Aibreán 1994.

Airteagal 8.4

Baint le Comhaontú EDT agus le comhaontuithe eile atá ann cheana a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo

1. Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu i leith a chéile faoi Chomhaontú EDT agus faoi chomhaontuithe eile atá ann cheana a bhfuil siad ina bpáirtí iontu agus a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo.

2. Ní fhorléireofar aon ní dá bhfuil sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí gníomhú ar bhealach atá ar neamhréir lena oibleagáidí faoi Chomhaontú EDT.

([3]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh feidhm ag oibleagáidí Páirtí faoin gComhaontú seo maidir le fiontar faoi úinéireacht stáit nó maidir le duine eile nuair a fheidhmíonn sé aon údarás rialála nó riaracháin nó aon údarás rialtasach eile arna tharmligean chuige ag an bPáirtí sin, amhail an t-údarás chun ceadúnais a dhíshealbhú, a eisiúint, chun idirbhearta tráchtála a fhormheas nó chun cuótaí, táillí nó muirir eile a fhorchur.

([4]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, má mhaíonn Páirtí go bhfuil eintiteas ag gníomhú faoi mar a thagraítear i bhfomhír (iii), is ar an bPáirtí sin atá an dualgas cruthúnais agus ní mór dó comharthaí nithiúla a sholáthar ar a laghad.

([5]) Chun críocha Chaibidlí 17 go 27, áirítear leis an sainmhíniú ar 'duine nádúrtha' duine nádúrtha a bhfuil buanchónaí air i bPoblacht na Laitvia nach saoránach de Phoblacht na Laitvia nó d'aon Stát eile é ach atá i dteideal, faoi dhlíthe Phoblacht na Laitvia, pas neamhshaoránaigh a fháil.

3. I gcás aon neamhréireacht idir an Comhaontú seo agus aon chomhaontú atá ann cheana seachas Comhaontú EDT ar páirtí iad an dá Pháirtí ann agus a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile láithreach d'fhonn réiteach sásúil a fháil don dá thaobh.

ROINN B

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

Airteagal 8.5

Cúraimí sonracha na Comhairle Comhpháirtí ag gníomhú di i gcumraíocht trádála

1. Agus an Chomhairle Chomhpháirteach arna bunú de bhun Airteagal 40.1 ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gCuid seo den Chomhaontú seo ([6]), féadfaidh sí:

(a) cinntí a ghlacadh chun an méid seo a leanas a leasú:

(i) na sceidil taraife i bhFoscríbhinní 9-1 agus 9-2 chun dlús a chur le díothú taraifí;

(ii) Caibidil 10 agus Iarscríbhinní 10-A go 10-E;

(iii) Iarscríbhinní 13-F agus 13-G agus Foscríbhinn 13-E-1;

(iv) Iarscríbhinní 16-A, 16-D, 16-E, agus mír 1 d'Iarscríbhinn 16-B;

(v) Iarscríbhinn 21-B;

(vi) Iarscríbhinn 29;

(vii) an sainmhíniú ar 'fóirdheontas' in Airteagal 31.2(1) a mhéid a bhaineann sé le fiontair a sholáthraíonn seirbhísí, d'fhonn toradh an phlé a dhéanfar amach anseo in EDT nó fóraim ilpháirtithe ghaolmhara ar an ábhar sin a ionchorprú;

(viii) Iarscríbhinn 32-A a mhéid a bhaineann leis na tagairtí don dlí is infheidhme sna Páirtithe;

(ix) Iarscríbhinn 32-B a mhéid a bhaineann leis na critéir atá le háireamh sa nós imeachta freasúra;

(x) Iarscríbhinn 32-C a mhéid a bhaineann leis na tásca geografacha;

(xi) Iarscríbhinní 38-A agus 38-B; agus

(xii) aon fhoráil, iarscríbhinn, foscríbhinn nó prótacal eile, i gcás ina ndéantar foráil maidir lena leasú sa Chuid seo den Chomhaontú;

(b) cinntí a ghlacadh chun léirmhínithe ar fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú seo a eisiúint, a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe agus ar na comhlachtaí uile a bhunaítear faoin gCuid seo den Chomhaontú seo agus ar na painéil dá dtagraítear i gCaibidlí 33 agus 38;

(c) fochoistí breise agus comhlachtaí eile atá freagrach as ábhair a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo de bhun Airteagal 40.3(3) a bhunú; agus

(d) má mheasann sí gurb iomchuí sin, rialacha nós imeachta na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8 agus de bhun fhomhír (c) den mhír seo a bhunú.

2. Bunóidh comhordaitheoirí na Coda seo den Chomhaontú seo clár oibre cruinnithe den Chomhairle Chomhpháirteach ag gníomhú di i gcumraíocht trádála, de bhun Airteagal 8.7(2).

([6]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuirfidh an tSile chun feidhme aon chinneadh a ghlacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach ag gníomhú di i gcumraíocht trádála trí *acuerdos de ejecución* (comhaontuithe feidhmiúcháin), i gcomhréir le dlí na Sile.

Airteagal 8.6

Cúraimí sonracha an Chomhchoiste ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála

1. Agus an Comhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 40.2 ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, ([7]) déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle Chomhpháirteach le feidhmiú a feidhmeanna maidir le hábhair trádála agus infheistíochta;

(b) beidh sé freagrach as an gCuid seo den Chomhaontú seo a chur chun feidhme go cuí; maidir leis sin, agus gan dochar do na cearta arna mbunú faoi Chaibidil 38, féadfaidh Páirtí aon saincheist a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú na Coda seo den Chomhaontú seo a tharchur lena plé laistigh den Chomhchoiste;

(c) déanfaidh sé formhaoirseacht ar fhorbairt bhreise ar fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú seo de réir mar is gá agus déanfaidh sé meastóireacht ar na torthaí a fhaightear óna cur i bhfeidhm;

(d) lorgóidh sé bealaí iomchuí chun fadhbanna a chosc agus a réiteach, ar fadhbanna iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar bhealach eile i réimsí a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo;

(e) déanfaidh sé maoirseacht ar obair na bhFochoistí uile a bhunaítear faoi Airteagal 8.8 agus na bhFochoistí a bhunaítear faoi Airteagal 40.3(3) agus a dhéanann cúraimí a bhaineann go sonrach leis an gCuid seo den Chomhaontú seo; agus

(f) déanfaidh sé scrúdú ar aon éifeacht ar an gCuid seo den Chomhaontú seo a bhaineann le haontachas Ballstáit nua leis an Aontas Eorpach.

2. Féadfaidh an Comhchoiste, ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) fochoistí breise agus comhlachtaí eile atá freagrach as ábhair a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo de bhun Airteagal 40.3(3) a bhunú;

(b) cinntí a ghlacadh chun an Chuid seo den Chomhaontú seo a leasú de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1) agus chun na léirithe dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 8.5(1) a eisiúint idir cruinnithe na Comhairle Comhpháirtí, nuair nach féidir leis an gComhairle Chomhpháirteach teacht le chéile nó de réir mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo; agus

(c) rialacha nós imeachta na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile a bhunú, má mheasann sé gurb iomchuí sin, ar fochoistí agus comhlachtaí iad a bunaítear de bhun Airteagal 8.8 agus de bhun fhomhír (a) den mhír seo.

3. Bunóidh comhordaitheoirí na Coda seo den Chomhaontú seo clár oibre cruinnithe den Chomhchoiste ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála, de bhun Airteagal 8.7(2).

Airteagal 8.7

Comhordaitheoirí don Chuid seo den Chomhaontú seo

1. Ceapfaidh gach Páirtí comhordaitheoir don Chuid seo den Chomhaontú seo, laistigh de 60 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála an chomhordaitheora sin.

2. Déanfaidh na comhordaitheoirí an clár oibre a bhunú go comhpháirteach agus déanfaidh siad gach ullmhúchán eile is gá le haghaidh chruinnithe na Comhairle Comhpháirtí, an Chomhchoiste, agus na bhFochoistí agus comhlachtaí eile a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8 nó a bhunaítear faoi Airteagal 40.3(3) agus a dhéanann cúraimí a bhaineann go sonrach leis an gCuid seo den Chomhaontú seo. Déanfaidh na comhordaitheoirí obair leantach maidir leis na cinntí ón gComhairle Chomhpháirteach agus ón gComhchoiste, ag gníomhú dóibh i gcumraíocht trádála, agus maidir leis na cinntí ó na Fochoistí sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagail 17.39 agus 25.20, de réir mar is iomchuí.

([7]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuirfidh an tSile chun feidhme aon chinneadh a ghlacfaidh an Comhchoiste ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála trí *acuerdos de ejecución* (comhaontuithe feidhmiúcháin), i gcomhréir le dlí na Sile.

Airteagal 8.8

Fochoistí agus comhlachtaí eile a bhaineann go sonrach leis an gCuid seo den Chomhaontú seo

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo na Fochoistí seo a leanas:

(a) an Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht;

(b) an Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh;

(c) an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais;

(d) an Fochoiste um Maoin Intleachtúil;

(e) an Fochoiste um Sholáthar Poiblí;

(f) an Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta;

(g) an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht;

(h) an Fochoiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe;

(i) an Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil;

(j) an Fochoiste um Thrádáil in Earraí; agus

(k) an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

2. Bunóidh comhordaitheoirí na Coda seo den Chomhaontú seo clár oibre chruinnithe na bhFochoistí agus comhlachtaí eile atá freagrach as ábhair a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo, de bhun Airteagal 8.7(2).

CAIBIDIL 9

TRÁDÁIL EARRAÍ

Airteagal 9.1

Cuspóir

Déanfaidh na Páirtithe trádáil earraí a léirscaoileadh de réir a chéile agus ar bhonn cómhalartach i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo.

Airteagal 9.2

Raon feidhme

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú seo, tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an trádáil in earraí de chuid Páirtí.

Airteagal 9.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinn 9:

(a) ciallaíonn 'Comhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí' an Comhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(b) ciallaíonn ‘idirbhearta consalacha’ an nós imeachta chun sonrasc consalach nó víosa chonsalach le haghaidh sonrasc tráchtála, deimhniú tionscnaimh, lastliosta, dearbhú onnmhairiúcháin loingseora nó aon doiciméadacht chustaim eile i ndáil le hearra a allmhairiú, a fháil ó chonsal an Pháirtí is allmhaireoir i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, nó i gcríoch tríú tír;

(c) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir le Luacháil Custaim’ an Comhaontú maidir le hAirteagal VII de GATT 1994 a Chur Chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(d) ciallaíonn ‘nós imeachta um cheadúnú onnmhairí’ nós imeachta riaracháin lena n-éilítear iarratas nó doiciméadacht eile seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críoch imréitigh custaim a chur faoi bhráid an chomhlachta nó na gcomhlachtaí riaracháin ábhartha mar réamhchoinníoll onnmhairiúcháin ó chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir;

(e) ciallaíonn ‘nós imeachta um cheadúnú allmhairí’ nós imeachta riaracháin lena n-éilítear iarratas nó doiciméadacht eile, seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críocha imréitigh custaim, a chur faoi bhráid an chomhlachta nó na gcomhlachtaí riaracháin ábhartha mar réamhchoinníoll allmhairiúcháin isteach i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir;

(f) ciallaíonn ‘earra athmhonaraithe’ earra a aicmítear i gCaibidlí CC 84 go 90 nó faoi cheannteideal 94.02, seachas earra atá aicmithe faoi cheannteidil CC 84.18, 85.09, 85.10, 85.16 agus 87.03 nó faoi fho-cheannteidil 8414.51, 8450.11, 8450.12, 8508.1 agus 8517.11, ar earra é:

(i) atá comhdhéanta go hiomlán nó i bpáirt de pháirteanna a fuarthas ó earraí a úsáideadh roimhe;

(ii) a bhfuil coinníollacha feidhmíochta agus oibre aige atá comhchosúil leis an earra coibhéiseach agus riocht nua air; agus

(iii) a dtugtar an barántas céanna dó agus a thabharfaí don earra coibhéiseach agus riocht nua air;

(g) ciallaíonn ‘deisiú’ aon oibríocht phróiseála arna déanamh ar earra chun lochtanna oibriúcháin nó damáiste ábhartha a leigheas agus a bhfuil i gceist léi an t-earra a fhilleadh ar a fheidhm bhunaidh, nó a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla maidir lena úsáid, i gcás inarb amhlaidh nach bhféadfaí, gan an phróiseáil sin, an t-earra a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh chun na gcríoch a bhí beartaithe dó; áirítear le hearraí a dheisiú athchóiriú agus cothabháil, ach ní áirítear leis sin oibríocht nó próiseas:

(i) lena scriostar saintréithe bunúsacha aon earra, nó lena gcruthaítear earra atá nua nó atá difriúil ó thaobh tráchtála de;

(ii) lena dtiontaítear earra neamhchríochnaithe ina earra críochnaithe; nó

(iii) a úsáidtear chun feidhmíocht theicniúil earra a fheabhsú nó a uasghrádú;

(h) ciallaíonn ‘catagóir chéimnithe’ an tráthchlár chun dleachtanna custaim a dhíothú, is é sin idir 0 bhliain agus 7 mbliana, a mbeidh earraí saor ó dhleacht chustaim ina dhiaidh sin, mura sonraítear a mhalairt sna sceidil in Iarscríbhinn 9.

Airteagal 9.4

Cóir náisiúnta ar chánachas inmheánach agus rialáil

Tabharfaidh gach Páirtí cóir náisiúnta d’earraí an Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagal III de GATT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal III de GATT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh *mutatis mutandis*.

Airteagal 9.5

Laghdú nó díothú dleachtanna custaim

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí a dhleachtanna custaim ar earraí de thionscnamh an Pháirtí eile a laghdú nó a dhíothú i gcomhréir lena sceideal in Iarscríbhinn 9.

2. Chun críocha mhír 1, is é a bheidh i mbonnráta na ndleachtanna custaim an bonnráta a shonraítear do gach earra sna sceidil in Iarscríbhinn 9.

3. Má laghdaíonn Páirtí a ráta dleachta custaim a chuirtear i bhfeidhm maidir lena náisiún barrfhabhair ('ráta NBF'), beidh feidhm ag an sceideal in Iarscríbhinn 9 a bhaineann leis an bPáirtí sin maidir leis na rátaí laghdaithe. Má laghdaíonn Páirtí a ráta NBF a chuirtear i bhfeidhm go dtí leibhéal atá faoi bhun an bhonnráta i ndáil le líne taraife áirithe, ríomhfaidh an Páirtí sin an ráta fabhrach is infheidhme lena ndéantar an laghdú taraife ar an ráta íslithe NBF a chuirtear i bhfeidhm, agus coinneoidh sé an corrlach fabhair coibhneasta le haghaidh na líne taraife áirithe sin fad is a bheidh an ráta NBF a chuirfear i bhfeidhm níos ísle ná an bonnráta. Comhfhreagraíonn an corrlach fabhair coibhneasta d'aon líne taraife ar leith i ngach tréimhse chéimnithe don difríocht idir an bonnráta a leagtar amach sa sceideal in Iarscríbhinn 9 a bhaineann leis an bPáirtí sin agus an ráta dleachta arna chur i bhfeidhm le haghaidh na líne taraife sin i gcomhréir leis an sceideal sin, arna roinnt ar an mbonnráta sin, agus arna shloinneadh i dtéarmaí céatadáin.

4. Arna iarraidh sin do Pháirtí, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun breithniú a dhéanamh ar dhlús a chur le laghdú nó díothú dleachtanna custaim a leagtar amach sna sceidil in Iarscríbhinn 9. Ag féachaint don chomhairliúchán sin, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 9 a leasú chun dlús a chur leis an laghdú nó an díothú taraife sin.

Airteagal 9.6

Neamhghníomhaíocht

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú seo, ní mhéadóidh Páirtí aon dleacht chustaim arna shocrú mar an mbonnráta in Iarscríbhinn 9 ná ní ghlacfaidh sé aon dleacht chustaim nua ar earra de thionscnamh an Pháirtí eile.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí dleacht chustaim a mhéadú go dtí an leibhéal a leagtar amach in Iarscríbhinn 9 don tréimhse chéimnithe faoi seach tar éis laghdú aontaobhach.

Airteagal 9.7

Dleachtanna ar onnmhairí, cánacha nó muirir eile

1. Maidir le haon dleacht, cáin nó muirear eile d'aon chineál a fhorchuirfear ar onnmhairiú earra, nó i ndáil le honnmhairiú earra, chuig an bPáirtí eile, ní fhéadfaidh Páirtí é sin a ghlacadh ná a choinneáil ar bun, nó aon cháin inmheánach nó muirear eile ar earra a onnmhaireofar chuig an bPáirtí eile a bheidh níos mó ná an cháin nó an muirear a d'fhorchuirfí ar earraí comhchosúla nuair a bheadh sé beartaithe lena dtomhaltas intíre.

2. Ní chuirfidh aon rud san Airteagal seo cosc ar Pháirtí táille nó muirear a cheadaítear de bhun Airteagal 9.8 a fhorchur ar earra a onnmhairítear.

Airteagal 9.8

Táillí agus foirmiúlachtaí

1. Na táillí agus na muirir eile a fhorchuirfidh Páirtí ar allmhairiú nó onnmhairiú earra de chuid an Pháirtí eile, nó i ndáil leis sin, déanfar a méid a theorannú do neaschostas na seirbhísí a soláthraíodh, agus ní bheidh sa mhéid sin cosaint indíreach ar earraí intíre ná cánachas ar allmhairí nó onnmhairí chun críoch fioscach.

2. Ní thoibheoidh Páirtí táillí ná muirir eile ar allmhairiú nó ar onnmhairiú, nó i dtaca leis sin, ar bhonn *ad valorem*.

3. Ní fhéadfaidh gach Páirtí muirir a fhorchur ná costais a ghnóthú ach amháin i gcás ina dtugtar seirbhísí sonracha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) tinreamh foirne custaim, ar iarratas, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;

(b) anailísí nó tuarascálacha saineolaithe ar earraí agus táillí poist as earraí a chur ar ais chuig iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach nó le faisnéis a chur ar fáil a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim;

(c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críocha fíoraithe, nó díothú earraí, i gcás ina mbeidh costais i gceist seachas an costas a bhaineann le leas a bhaint as foireann custaim; nó

(d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh bearta den sórt sin riachtanach de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

4. Foilseoidh gach Páirtí go pras gach táille agus muirear a fhorchuirfidh sé i ndáil le hallmhairiú nó le honnmhairiú ar bhealach a chumasóidh do rialtais, do thrádálaithe agus do pháirtithe leasmhara eile eolas a chur orthu.

5. Ní beidh idirbhearta consalacha de dhíth ar Pháirtí, lena n-áirítear táillí agus muirir ghaolmhara, i ndáil le haon earra de chuid an Pháirtí eile a allmhairiú.

Airteagal 9.9

Earraí deisithe

1. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm ar earra, beag beann ar a thionscnamh, a thiocfaidh isteach arís i gcríoch chustaim an Pháirtí tar éis an t-earra sin a onnmhairiú go sealadach óna chríoch chustaim go dtí críoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.

2. Níl feidhm ag mír 1 maidir le hearra a allmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna, a onnmhairítear lena dheisiú ansin agus nach n-athallmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna.

3. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, beag beann ar a thionscnamh, arna allmhairiú go sealadach ó chríoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú. ([8])

Airteagal 9.10

Earraí athmhonaraithe

1. Ní thabharfaidh Páirtí cóir is lú fabhar d'earraí athmhonaraithe an Pháirtí eile ná mar a thugann sé d'earraí comhchosúla a bhfuil riocht nua orthu, mura ndéantar foráil dá mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú seo.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Airteagal 9.11 maidir le toirmisc nó srianta ar allmhairiú agus onnmhairiú earraí athmhonaraithe. Má ghlacann Páirtí toirmisc nó srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú ar earraí úsáidte, nó má choinníonn sé ar bun iad, ní chuirfidh sé na bearta sin i bhfeidhm maidir le hearraí athmhonaraithe.

3. Féadfaidh Páirtí a éileamh go ndéanfar earraí athmhonaraithe a shainaithint amhlaidh lena ndáileadh nó lena ndíol ina chríoch agus go gcomhlíonfaidh siad gach ceanglas teicniúil is infheidhme a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí comhchosúla a bhfuil riocht nua orthu.

Airteagal 9.11

Srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú

Chuige sin, déantar Airteagal XI de GATT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chuid seo den Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chuid seo den Chomhaontú seo díobh *mutatis mutandis*. Ní ghlacfaidh Páirtí aon toirmeasc nó srian ar allmhairiú aon earra de chuid an Pháirtí eile nó ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú aon earra atá ceaptha do chríoch an Pháirtí eile, ná ní choinneoidh sé an méid sin ar bun, ach amháin i gcomhréir le hAirteagal XI de GATT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha.

([8]) I gcás an Pháirtí AE, úsáidtear an nós imeachta um próiseáil isteach mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO AE L 269, 10.10.2013, lch. 1) chun críocha na míre seo.

Airteagal 9.12

Comhartha tionscnaimh

Má chuireann an tSile ceanglais shainordaitheacha maidir le marcáil tíre tionscnaimh i bhfeidhm maidir le hearraí de chuid an Pháirtí AE, féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh go gcomhlíonann earraí a bhfuil marcáil 'Déanta san Aontas Eorpach' orthu, nó ar a bhfuil marcáil chomhchosúil sa teanga áitiúil, na ceanglais sin nuair a allmhairítear isteach sa tSile iad. Ní dhéanann an tAirteagal seo difear do cheart ceachtar Páirtí cineál na dtáirgí a shonrú a bhfuil ceanglais maidir le marcáil na tíre tionscnaimh sainordaitheach ina leith. Níl feidhm ag Caibidil 10 maidir leis an Airteagal seo.

Airteagal 9.13

Nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí

1. Maidir leis na nósanna imeachta uile um cheadúnú allmhairí is infheidhme maidir le trádáil earraí idir na Páirtithe, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta sin neodrach agus iad á gcur i bhfeidhm, agus go riarfar iad ar mhodh cóir cothrom neamh-idirdhealaitheach trédhearcach.

2. Ní déanfaidh Páirtí nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí a ghlacadh ná a choinneáil ar bun mar choinníoll le hallmhairiú isteach chuig a chríoch ó chríoch an Pháirtí eile, ach amháin mura bhfuil nós imeachta iomchuí eile ar fáil go réasúnach chun cuspóir riaracháin a bhaint amach.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí aon nós imeachta neamh-uathoibríoch um cheadúnú allmhairí a ghlacadh ná a choinneáil ar bun mar choinníoll le hallmhairiú isteach ina chríoch ó chríoch an Pháirtí eile ach amháin más gá beart atá i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo a chur chun feidhme. Aon Pháirtí a ghlacfaidh nós imeachta neamh-uathoibríoch um cheadúnú allmhairí, cuirfidh sé in iúl go soiléir an beart atá á chur chun feidhme tríd an nós imeachta sin.

4. Glacfaidh gach Páirtí aon nós imeachta um cheadúnú allmhairí i gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 3 den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí agus déanfaidh sé na nósanna imeachta sin a riar. Chuige sin, déantar Airteagail 1, 2 agus 3 den Chomhaontú maidir le Ceadúnú Allmhairí a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid de, *mutatis mutandis*.

5. Páirtí a ghlacann nósanna imeachta nua um cheadúnú allmhairí, nó a dhéanann modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile laistigh de 60 lá ó dháta foilsithe na nósanna imeachta nua sin um cheadúnú allmhairí nó na modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana. Áireofar an fhaisnéis a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo agus in Airteagal 5(2) den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí san fhógra. Measfar go bhfuil Páirtí i gcomhréir leis an oibleagáid sin má thugann sé fógra faoi nós imeachta nua um cheadúnú allmhairí, nó faoi mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana, do Choiste um Cheadúnú Allmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí, lena n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 5(2) den Chomhaontú sin.

6. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile aon fhaisnéis ábhartha go pras, lena n-áirítear an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 5(2) den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí, maidir le haon nós imeachta um cheadúnú allmhairí a bheartaíonn sé a ghlacadh, atá glactha aige nó a choinníonn sé ar bun chomh maith le haon mhodhnú ar nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana.

Airteagal 9.14

Nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí

1. Foilseoidh gach Páirtí aon nós imeachta um cheadúnú onnmhairí, nó aon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú onnmhairí atá ann cheana ar bhealach lena bhféadfaidh rialtais, trádálaithe agus páirtithe leasmhara eile eolas a fháil orthu. Déanfar foilseachán den sórt sin, nuair is indéanta, 30 lá sula dtiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nó modhnú, agus in aon chás, tráth nach déanaí ná an dáta a thiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nó leis an modhnú.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh i bhfoilseachán na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí:

(a) téacs na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí, nó téacs aon mhodhnuithe a dhéanfaidh sé ar na nósanna imeachta sin;

(b) na hearraí atá faoi réir gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairí;

(c) i gcás gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairí, tuairisc ar an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas agus ar aon chritéar nach mór d'iarratasóir a chomhlíonadh le bheith cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas, amhail ceadúnas gníomhaíochta a bheith aige, infheistíocht a bhunú nó a choinneáil ar bun, nó oibriú trí chineál áirithe bunaíochta i gcríoch Pháirtí;

(d) pointe nó pointí teagmhála óna bhféadfaidh daoine leasmhara tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na coinníollacha a bhaineann le ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil;

(e) an comhlacht nó na comhlachtaí riaracháin ar cheart iarratas nó doiciméadacht ábhartha eile a chur faoina bhráid;

(f) tuairisc ar aon bheart nó ar aon bhearta a bhfuil an nós imeachta um cheadúnú onnmhairí ceaptha iad a chur chun feidhme;

(g) an tréimhse a mbeidh gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairí i bhfeidhm lena linn, ach amháin má fhanann an nós imeachta i bhfeidhm go dtí go ndéanfar é a tharraingt siar nó a athbhreithniú i bhfoilseachán nua;

(h) má bheartaíonn an Páirtí nós imeachta um cheadúnú onnmhairí a úsáid chun cuóta onnmhairiúcháin a riar, cainníocht fhoriomlán agus, más infheidhme, luach an chuóta agus dátaí oscailte agus dúnta an chuóta; agus

(i) aon díolúine nó eisceacht a chuirtear in ionad an cheanglais maidir le ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil, conas na díolúintí nó na heisceachtaí sin a iarraidh nó a úsáid, agus na critéir chun iad a dheonú.

3. Laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí atá ann cheana atá aige. Páirtí a ghlacann nósanna imeachta nua um cheadúnú onnmhairí, nó a dhéanann modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí atá ann cheana, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile laistigh de 60 lá ó dháta foilsithe na nósanna imeachta nua sin um cheadúnú onnmhairí nó na modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí atá ann cheana. Áireofar leis an bhfógra sin an tagairt don fhoinse nó do na foinsí ina bhfoilsítear an fhaisnéis a éilítear de bhun mhír 2 agus más iomchuí, beidh seoladh an tsuímh nó na suíomhanna gréasáin rialtais ábhartha san áireamh freisin.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a chuireann ceangal ar Pháirtí ceadúnas onnmhairiúcháin a dheonú, ná ní choisceann sé ar Pháirtí a oibleagáidí nó a ghealltanais a chur chun feidhme faoi Rúin de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nó faoi chórais iltaobhacha neamhleata agus faoi shocruithe maidir le rialú onnmhairí.

Airteagal 9.15

Luacháil custaim

Cinnfidh gach Páirtí luach custaim earraí an Pháirtí eile a allmhairítear isteach chuig a chríoch i gcomhréir le hAirteagal VII de GATT 1994 agus leis an gComhaontú maidir le Luacháil Custaim. Chuige sin, déantar Airteagal VII de GATT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, agus Airteagail 1 go 17 den Chomhaontú maidir le Luacháil Custaim, lena n-áirítear na Nótaí Léiritheacha, a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo iad *mutatis mutandis*.

Airteagal 9.16

Úsáid fabhair

1. Chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na Coda seo den Chomhaontú seo agus chun rátaí úsáide tosaíochta a ríomh, malartóidh na Páirtithe staidreamh cuimsitheach allmhairiúcháin go bliantúil ar feadh tréimhse a thosóidh 1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí 10 mbliana tar éis críoch a chur leis an díothú taraifí le haghaidh gach earra i gcomhréir leis na sceidil in Iarscríbhinn 9. Mura gcinnfidh an Comhchoiste a mhalairt, cuirfear síneadh leis an tréimhse sin go huathoibríoch go ceann 5 bliana. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh síneadh breise a chur léi.

2. Cumhdófar leis an malartú staidrimh allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 1 sonraí a bhaineann leis an mbliain is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear luach agus, i gcás inarb infheidhme, méid, ar leibhéal na líne taraife i gcás allmhairí earraí an Pháirtí eile a thairbhíonn de chóir fhabhrach dleachta faoin gCuid seo den Chomhaontú seo agus i gcás allmhairí na n-earraí sin a fuair cóir neamhfhabhrach.

Airteagal 9.17

Bearta sonracha maidir le bainistíocht na córa fabhraí

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun sáruithe ar an reachtaíocht chustaim a bhaineann leis an gcóir fhabhrach a dheonaítear faoin gCaibidil seo a chosc, a bhrath agus a chomhrac i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Chaibidil 10 agus faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

2. Féadfaidh Páirtí, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 3, cóir fhabhrach ábhartha na n-earraí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach nuair a chinnfidh an Páirtí sin, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil, láidir agus infhíoraithe, go ndearna an Páirtí eile sáruithe córasacha mórscála ar an reachtaíocht chustaim chun an chóir fhabhrach a deonaíodh faoin gCaibidil seo a fháil, agus nuair a chinnfidh sé:

(a) easpa córasach gníomhaíochta nó gníomhaíocht leordhóthanach ag an bPáirtí eile chun stádas tionscnaimh na n-earraí a fhíorú agus chun na ceanglais eile sa Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim a chomhlíonadh, agus sárú na rialacha tionscnaimh á aithint nó á chosc;

(b) diúltú córasach ag an bPáirtí eile chun fíorú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an gcruthúnas tionscnaimh arna iarraidh sin don Pháirtí, nó chun torthaí an fhíoraithe sin a chur in iúl in am, nó moill mhíchuí maidir leis an bhfíorú sin a chur i gcrích nó na torthaí a chur in iúl; nó

(c) diúltú córasach nó mainneachtain ag an bPáirtí eile chun oibriú i gcomhar nó chun cúnamh a thabhairt maidir lena oibleagáidí faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim i ndáil leis an gcóir fhabhrach.

3. Tabharfaidh an Páirtí a mbeidh cinneadh dá dtagraítear i mír 2 déanta aige fógra don Chomhchoiste gan moill mhíchuí agus rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí eile laistigh den Chomhchoiste d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá thaobh.

Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 3 mhí tar éis an dáta ar a dtabharfar an fógra, féadfaidh an Páirtí a tháinig ar an toradh cóireáil fhabhrach ábhartha an táirge/na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach. Tabharfaidh an Páirtí sin fógra faoin bhfionraíocht shealadach don Chomhchoiste gan moill mhíchuí.

Ní bheidh feidhm ag na fionraíochtaí sealadacha ach ar feadh na tréimhse is gá chun leasanna airgeadais an Pháirtí lena mbaineann a chosaint, agus ní bheidh feidhm acu ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí. Mar sin féin, i gcás ina leanfaidh na coinníollacha as ar eascair an fhionraíocht tosaigh de bheith ann faoi dhul in éag na tréimhse sé mhí, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann cinneadh a dhéanamh an fhionraí a athnuachan. Beidh aon fhionraíocht shealadach faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla laistigh den Chomhchoiste.

4. Foilseoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin, fógraí d'allmhaireoirí faoi aon fhógra nó aon chinneadh a bhaineann leis na fionraíochta sealadacha dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 9.18

An Fochoiste um Thrádáil in Earraí

Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil in Earraí a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8(1) an méid seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Caibidle seo agus Iarscríbhinn 9;

(b) an trádáil earraí idir na Páirtithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin maidir le cóir taraife agus rochtain ar an margadh de bhun Airteagal 9.5(4) a fheabhsú agus maidir le saincheisteanna eile, de réir mar is iomchuí;

(c) fóram a chur ar fáil chun aon saincheist a bhaineann leis an gCaibidil seo a phlé agus a réiteach;

(d) aghaidh a tabhairt go pras ar bhacainní ar thrádáil earraí idir na Páirtithe, go háirithe na cinn sin a bhaineann le cur i bhfeidhm beart neamhtharaife agus, más iomchuí, ábhair den sórt sin a tharchur chuig an gComhchoiste lena mbreithniú;

(e) aon mhodhnú a bheadh le déanamh ar an gCaibidil seo nó aon rud breise a bheadh le cur léi a mholadh do na Páirtithe;

(f) an malartú sonraí le haghaidh úsáid tosaíochta a chomhordú, nó aon fhaisnéis eile maidir le trádáil earraí idir na Páirtithe;

(g) aon leasú a dhéanfaí ar an gCóras Comhchuibhithe amach anseo a athbhreithniú lena áirithiú nach n-athrófaí oibleagáidí gach Páirtí faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, agus dul i gcomhairle chun aon choinbhleacht ghaolmhar a réiteach;

(h) na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 15.17 a dhéanamh.

CAIBIDIL 10

RIALACHA TIONSCNAIMH AGUS NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

ROINN A

RIALACHA TIONSCNAIMH

Airteagal 10.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 10-A go 10-E:

(a) ciallaíonn 'aicmiú' aicmiú táirge nó ábhair faoi chaibidil, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe den Chóras Comhchuibhithe;

(b) ciallaíonn 'coinsíneacht' táirgí a chuirtear go comhuaineach ó onnmhaireoir amháin chuig coinsíní amháin nó atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, in éagmais doiciméad den sórt sin, a sheoltar le sonrasc amháin;

(c) ciallaíonn 'údarás custaim':

(i) i gcás na Sile, an tSeirbhís Náisiúnta Custaim; agus

(ii) i gcás an Pháirtí AE, seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair chustaim agus as na riaracháin chustaim agus aon údaráis eile atá freagrach sna Ballstáit as an dlí custaim a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú;

(d) ciallaíonn 'onnmhaireoir' duine, atá lonnaithe i bPáirtí, a onnmhairíonn nó a tháirgeann an táirge tionscnaimh agus a dhéanann amach ráiteas maidir le tionscnamh, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí;

(e) ciallaíonn 'táirgí comhionanna' táirgí a chomhfhreagraíonn i ngach slí do na táirgí a dtugtar tuairisc orthu i dtuairisc an táirge; ní mór tuairisc an táirge ar an doiciméad tráchtála a úsáidtear chun ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas le haghaidh il-lastas a bheith beacht go leor chun an táirge sin a shainaithint go soiléir agus na táirgí comhionanna freisin atá le hallmhairiú ina dhiaidh sin bunaithe ar an ráiteas sin;

(f) ciallaíonn 'allmhaireoir' duine a allmhairíonn an táirge tionscnaimh agus a éilíonn cóir fhabhrach taraife dó;

(g) ciallaíonn 'ábhar' aon substaint a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh, lena n-áirítear aon chomhábhar, amhábhar, comhpháirt nó páirt;

(h) ciallaíonn 'táirge' toradh an táirgthe, fiú má tá sé beartaithe é a úsáid mar ábhar chun táirge eile a tháirgeadh ag céim níos déanaí; agus

(i) ciallaíonn 'táirgeadh' aon chineál oibrithe nó próiseála, lena n-áirítear cóimeáil.

Airteagal 10.2

Ceanglais ghinearálta

1. Chun an chóir fhabhrach taraife a chur i bhfeidhm arna déanamh ag Páirtí maidir le hearra tionscnaimh an Pháirtí eile i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge gach ceanglas eile is infheidhme a leagtar amach sa Chaibidil seo, measfar gur de thionscnamh an Pháirtí eile na táirgí seo a leanas:

(a) táirgí a fuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin mar a fhoráiltear in Airteagal 10.4;

(b) táirgí a tháirgtear go heisiach as ábhair de thionscnamh an Pháirtí sin; agus

(c) táirgí a tháirgtear sa Pháirtí sin ina n-úsáidtear ábhair neamhthionscnaimh, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-B.

2. Má tá stádas tionscnaimh faighte ag táirge i gcomhréir le mír 1, ní mheasfar gur ábhair neamhthionscnaimh iad na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun an táirge sin a tháirgeadh nuair atá an táirge sin ionchorpraithe mar ábhar i dtáirge eile.

3. Déanfar éadáil an stádais tionscnaimh a chomhlíonadh gan bhriseadh i gcríoch an Pháirtí.

Airteagal 10.3

Carnadh tionscnaimh

1. Measfar gur de thionscnamh an Pháirtí eile táirge de thionscnamh Páirtí má úsáidtear é mar ábhar i dtáirgeadh táirge eile sa Pháirtí eile sin, ar choinníoll gur mó an t-oibriú agus an phróiseáil a dhéantar ná ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10.6.

2. Maidir le hábhair atá aicmithe i gCaibidil 3 den Chóras Comhchuibhithe agus ar de thionscnamh na dtíortha dá dtagraítear i bhfomhír (b) de mhír 4 iad agus a úsáidtear chun táirgí tuinnín stánaithe a aicmítear i bhfo-cheannteideal 1604.14 den Chóras Comhchuibhithe a tháirgeadh, féadfar a mheas gur de thionscnamh Páirtí iad ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i bhfomhíreanna (a) go (e) de mhír 3, agus go seolann an Páirtí sin fógra maidir le scrúdú a dhéanamh ag an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 10.31.

3. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh, tar éis moladh a fháil ón bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 10.31, go bhféadfar a mheas gur de thionscnamh Páirtí ábhair áirithe de thionscnamh na dtríú tíortha ([9]) dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo má úsáidtear iad chun táirge a tháirgeadh sa Pháirtí sin ar choinníoll:

(a) go bhfuil comhaontú trádála i bhfeidhm ag gach Páirtí lena ndéantar limistéar saorthrádála leis an tríú tír sin, de réir bhrí Airteagal XXIV de GATT 1994;

(b) go gcinntear tionscnamh na n-ábhar dá dtagraítear sa mhír seo i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme faoin méid seo a leanas:

(i) comhaontú trádála an Pháirtí AE lena ndéantar limistéar saorthrádála leis an tríú tír sin, má úsáidtear an t-ábhar lena mbaineann chun táirge a tháirgeadh sa tSile; agus

(ii) comhaontú trádála na Sile lena ndéantar limistéar saorthrádála leis an tríú tír sin, má úsáidtear an t-ábhar lena mbaineann chun táirge a tháirgeadh sa Pháirtí AE;

(c) go bhfuil socrú i bhfeidhm idir an Páirtí sin agus an tríú tír sin maidir le comhar riaracháin leordhóthanach lena n-áirithítear cur chun feidhme iomlán na Caibidle seo, lena n-áirítear forálacha maidir le doiciméadacht iomchuí a úsáid i dtaca le tionscnamh ábhar, agus go dtabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoin socrú sin;

(d) go dtéann táirgeadh nó próiseáil na n-ábhar a dhéantar sa Pháirtí sin thar cheann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10.6; agus

([9]) Ar mhaithe le tagairt, sainmhínítear 'tríú tír' i bhfomhír (c) d'Airteagal 1.3.

(e) go comhaontaíonn na Páirtithe ar aon choinníollacha eile is infheidhme.

4. Is iad na tríú tíortha dá dtagraítear i mír 3:

(a) Cósta Ríce, an tSalvadóir, Guatamala, Hondúras, Nicearagua agus Panama de Mheiriceá Láir; agus

(b) an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, de thíortha na nAindéas.

Airteagal 10.4

Táirgí arna bhfáil go hiomlán

1. Measfar go bhfuarthas go hiomlán i bPáirtí na táirgí seo a leanas:

(a) plandaí agus táirgí glasraí a fásadh nó a buaineadh sa Pháirtí sin;

(b) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;

(c) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh sa Pháirtí sin;

(d) táirgí a fuarthas trí shealgaireacht, gaistiú, iascaireacht, bailiú nó gabháil a rinneadh sa Pháirtí sin, ach nach raibh thar theorainneacha lasmuigh fharraige theorann an Pháirtí;

(e) táirgí a fuarthas ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;

(f) táirgí a fuarthas de thoradh dobharshaothraithe sa Pháirtí sin, más rud é gur rugadh nó gur tógadh orgánaigh uisceacha, lena n-áirítear éisc, moilisc, crústaigh, inveirteabraigh uisceacha agus plandaí uisceacha agus plandaí uisceacha eile, as stoc síl amhail uibheacha, eochraí, gealóga, gilidíní nó larbhaí, trí idirghabháil sna próisis tógála nó fáis chun feabhas a chur ar an táirgeadh amhail stocáil rialta, beathú nó cosaint ó chreachadóirí;

(g) mianraí nó substaintí eile atá ann go nádúrtha, nach n-áirítear i bhfomhíreanna (a) go (f), a eastóscadh nó a baineadh sa Pháirtí sin;

(h) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhain soithí an Pháirtí sin as an bhfarraige lasmuigh d'aon fharraige theorann;

(i) táirgí a rinneadh ar bord loinge monarchan de chuid Páirtí as táirgí dá dtagraítear i bhfomhír (h) agus as na táirgí sin amháin;

(j) táirgí arna n-eastóscadh ag Páirtí nó ag duine de chuid an Pháirtí sin as ithir mhuirí nó as fo-ithir mhuirí lasmuigh d'aon fharraige theorann ar choinníoll go bhfuil cearta acu an ithir nó an fho-ithir sin a oibriú;

(k) dramhaíl nó fuíoll a díorthaíodh ó tháirgeadh sa Pháirtí sin nó ó tháirgí úsáidte a bailíodh ansin, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin oiriúnach ach amháin chun amhábhair a aisghabháil; agus

(l) táirgí arna dtáirgeadh sa Pháirtí sin as na táirgí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) go (k) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ciallaíonn na téarmaí 'soitheach de chuid Páirtí' agus 'long mhonarchan de chuid Páirtí' i bhfomhír (h) agus (i) de mhír 1 soitheach nó long mhonarchan:

(a) atá cláraithe i mBallstát nó sa tSile;

(b) a sheolann faoi bhratach Ballstáit nó faoi bhratach na Sile; agus

(c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha a leanas:

(i) a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht daoine nádúrtha de chuid Ballstáit nó de chuid na Sile; nó

(ii) atá faoi úinéireacht duine dlítheanach:

(A) a bhfuil a ceannoifig nó cheannoifig agus a príomháit ghnó nó a príomháit ghnó aige nó aici i mBallstát nó sa tSile; agus

(B) a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht daoine de chuid ceann de na Páirtithe sin.

Airteagal 10.5

Lamháltais

1. Mura gcomhlíonann ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-B, measfar gur de thionscnamh Páirtí an táirge sin, ar choinníoll:

(a) i gcás gach táirge ([10]) seachas na táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, nach mó luach iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh ná 10 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha;

(b) i gcás táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, go bhfuil feidhm ag na lamháltais a shonraítear i Nótaí 6 go 8 d'Iarscríbhinn 10-A.

2. Níl feidhm ag mír 1 má tá luach nó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh arna n-úsáid chun táirge a tháirgeadh os cionn aon cheann de na céatadáin do luach uasta nó meáchan uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh mar a shonraítear sna ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-B.

3. Níl feidhm ag mír 1 maidir le táirgí a fuarthas go hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 10.4. Má cheanglaítear de bhun Iarscríbhinn 10-B go bhfuil na hábhair a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh ina n-ábhair a fuarthas go hiomlán, beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.

Airteagal 10.6

Oibriú nó próiseáil neamhleor

1. D'ainneoin fhomhír (c) d'Airteagal 10.2(1), ní mheasfar gur de thionscnamh Páirtí táirge más rud é nach ndéantar ach ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí seo a leanas ar ábhair neamhthionscnaimh sa Pháirtí sin:

(a) oibríochtaí caomhnaithe amhail triomú, reo, coinneáil i sáile agus oibríochtaí comhchosúla eile i gcás gurb é an t-aon chuspóir amháin atá leo a áirithiú go bhfanfaidh na táirgí i riocht maith le linn a n-iompair agus a stórála;

(b) briseadh agus cóimeáil pacáistí;

(c) ní, glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;

(d) iarnáil nó preasáil teicstílí agus earraí teicstíle;

(e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;

(f) rís a scilligeadh agus a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán; gránaigh agus rís a shnasú agus a ghlónrú;

(g) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú, nó lena ndéantar cnapshiúcra, siúcra a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán;

(h) torthaí, cnónna agus glasraí a scilligeadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;

(i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;

(j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, comhoiriúnú;

(k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;

([10]) Caibidlí 1 go 24 den Chóras Comhchuibhithe, i gcomhréir le Nóta 9 d'Iarscríbhinn 10-A.

(l) marcanna, lipéid, suaitheantais agus comharthaí idirdhealaithe eile den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht nó iad a phriontáil orthu;

(m) táirgí, a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís; siúcra a mheascadh le haon ábhar eile;

(n) codanna d'earraí a chóimeáil go simplí chun earra iomlán a dhéanamh nó táirgí a dhíchóimeáil ina gcodanna;

(o) uisce a chur go simplí le táirgí nó iad a chaolú, a dhíhiodráitiú nó a dhínádúrú go simplí; nó

(p) marú ainmhithe.

2. Chun críocha mhír 1, measfar gur oibríocht shimplí í oibríocht mura bhfuil gá le scileanna speisialta ná meaisíní speisialta, ná le gaireas nó trealamh arna dtáirgeadh nó arna suiteáil go speisialta chun na hoibríochtaí sin a chur i gcrích.

Airteagal 10.7

Aonad incháilitheachta

1. Chun críocha na Caibidle seo, is é bheidh san aonad incháilitheachta an táirge sonrach a meastar gurb é an bunaonad é agus an táirge á aicmiú faoin gCóras Comhchuibhithe.

2. Má bhíonn líon táirgí comhionanna i gcoinsíneacht a aicmítear faoin gceannteideal céanna den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear gach táirge aonair san áireamh agus an Chaibidil seo á cur i bhfeidhm.

Airteagal 10.8

Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí

1. Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh nó nach bhfuil sonrasc ar leith ag gabháil leo, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

2. Ní chuirfear gabhálais, páirteanna spártha ná uirlisí dá dtagraítear i mír 1 san áireamh chun tionscnamh táirge a chinneadh ach amháin chun uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh má tá táirge faoi réir luach ábhar neamhthionscnaimh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-B.

Airteagal 10.9

Tacair

Measfar gur de thionscnamh Páirtí iad tacair, mar a shainmhínítear iad i Riail Ghinearálta 3 um Léiriú ar an gCóras Comhchuibhithe, más comhpháirteanna tionscnaimh iad a gcomhpháirteanna uile. I gcás ina bhfuil idir chomhpháirteanna tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar de thionscnamh Páirtí an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na gcomhpháirteanna neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

Airteagal 10.10

Eilimintí neodracha

Chun a chinneadh an táirge de thionscnamh Páirtí é an táirge, ní bheidh sé riachtanach tionscnamh na nithe seo a leanas, ar féidir iad a úsáid le linn a tháirgthe, a chinneadh:

(a) breosla, fuinneamh, catalaígh, agus tuaslagóirí;

(b) trealamh, feistí agus soláthairtí a úsáidtear chun an táirge a thástáil nó chun iniúchadh a dhéanamh air;

(c) meaisíní, uirlisí, díslí agus múnlaí;

(d) páirteanna spártha agus ábhair a úsáidtear chun trealamh agus foirgnimh a chothabháil;

(e) bealaí, gréisc, ábhair chumaisc agus ábhair eile a úsáidtear sa táirgeadh nó chun trealamh agus foirgnimh a oibriú;

(f) lámhainní, spéaclaí, coisbheart, éadaí, trealamh agus soláthairtí sábháilteachta;

(g) aon ábhar eile nach bhfuil ionchorpraithe sa táirge ach ar féidir a léiriú gur cuid de tháirgeadh an táirge é a úsáid.

Airteagal 10.11

Ábhair Phacáistíochta agus phacála agus coimeádáin

1. Más rud é, faoi Riail Ghinearálta 5 maidir le Léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe, go n-aicmítear ábhair phacáistíochta agus coimeádáin ina ndéantar táirge a phacáil lena mhiondíol in éineacht leis an táirge, déanfar neamhshuim de na hábhair phacáistíochta agus de na coimeádáin sin agus tionscnamh an táirge á chinneadh, seachas chun uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh má tá táirge faoi réir uasluach ábhar neamhthionscnaimh i gcomhréir le hIarscríbhinn 10-B.

2. Ní chuirfear pacáistíocht agus coimeádáin le haghaidh loingsithe a úsáidtear chun táirge a chosaint le linn iompair san áireamh chun a chinneadh an táirge de thionscnamh Páirtí é an táirge.

Airteagal 10.12

Deighilt chuntasaíochta le haghaidh ábhair idirmhalartacha

1. Déanfar ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus ábhair neamhthionscnaimh a dheighilt go fisiceach le linn stórála ionas go mbeidh a stádas tionscnaimh nó neamhthionscnaimh acu, de réir mar a bheidh. Féadfar na hábhair sin a úsáid chun táirge a tháirgeadh gan iad a bheith deighilte go fisiceach ó chéile le linn stórála ar choinníoll go n-úsáidtear modh deighilte cuntasaíochta.

2. Cuirfear an modh deighilte cuntasaíochta dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm i gcomhréir le modh bainistíochta stoic faoi phrionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta sa Pháirtí. Áiritheofar leis an modh deighilte cuntasaíochta nach mó, tráth ar bith, líon na dtáirgí a d'fhéadfaí a mheas mar tháirgí de thionscnamh Páirtí ná an líon a gheofaí trí na stoic a dheighilt go fisiciúil le linn a stórála.

3. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn 'ábhair idirmhalartacha' ábhair chomhchineáil den cháilíocht tráchtála chéanna, agus na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir a idirdhealú ó chéile nuair a chuirtear sa táirge críochnaithe iad.

Airteagal 10.13

Táirgí a thugtar ar ais

Má fhilleann táirge de thionscnamh Páirtí a onnmhairítear ón bPáirtí sin chuig tríú tír ar an bPáirtí sin, measfar gur táirge neamhthionscnaimh é murar féidir an méid seo a leanas maidir leis an táirge fillte a léiriú chun sástacht údarás custaim an Pháirtí sin:

(a) tá sé mar an gcéanna leis an gceann a onnmhairíodh; agus

(b) nach ndearnadh aon oibríocht air thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád air le linn dó a bheith sa tríú tír sin nó le linn a onnmhairithe.

Airteagal 10.14

Neamhathrú

1. Maidir le táirge tionscnaimh atá dearbhaithe le haghaidh úsáid intíre sa Pháirtí is allmhaireoir, ní bheidh, tar éis a onnmhairithe agus sula ndearbhaítear le haghaidh úsáid intíre é, athrú ná claochlú ar aon bhealach déanta air ná ní bheidh oibríochtaí déanta air seachas chun bail mhaith a choinneáil air nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméad eile a chur leis nó a ghreamú air chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí is allmhaireoir.

2. Féadfar táirge a stóráil nó a thaispeáint i dtríú tír ar choinníoll go bhfanfaidh sé faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.

3. Gan dochar do Roinn B, féadfar coinsíneachtaí a roinnt i dtríú tír más é an t-onnmhaireoir a dhéanann an roinnt nó más faoina chúram a dhéantar an roinnt agus ar choinníoll go leanann na coinsíneachtaí de bheith faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.

4. I gcás amhrais i dtaobh ar comhlíonadh na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1 go 3 nó nár comhlíonadh, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a iarraidh ar an allmhaireoir fianaise ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin a sholáthar. Féadfar fianaise den sórt sin a thabhairt trí mhodh ar bith, lena n-áirítear doiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchta nó fianaise fhíorasach nó nithiúil bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí, nó aon fhianaise a bhaineann leis an táirge féin.

Airteagal 10.15

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh a sheoltar lena dtaispeáint i dtríú tír agus a dhíoltar i ndiaidh an taispeántais lena n-allmhairiú i bPáirtí, tairbheoidh siad ar a n-allmhairiú i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim:

(a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí sin ó Pháirtí chuig an tríú tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;

(b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine i bPáirtí;

(c) gur coinsíníodh na táirgí le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chuspóir seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Déanfar ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gcomhréir le Roinn B agus a chur faoi bhráid na n-údarás custaim i gcomhréir le nósanna imeachta custaim an Pháirtí is allmhaireoir. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air.

3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear chun críoch príobháideach i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtracha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim ann.

4. Féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir fianaise a éileamh lena léireofaí gur coinníodh na táirgí faoi rialú custaim sa tír taispeántais, chomh maith le fianaise dhoiciméadach bhreise ar na coinníollacha faoinar taispeánadh iad.

ROINN B

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

Airteagal 10.16

Éileamh ar chóir fhabhrach taraife

1. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir, cóir fhabhrach taraife do tháirge de thionscnamh an Pháirtí eile de réir bhrí na Caibidle seo ar bhonn éilimh ón allmhaireoir ar chóir fhabhrach taraife. Is é an t-allmhaireoir a bheidh freagrach as cruinneas an éilimh ar chóir fhabhrach taraife agus as comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Chaibidil seo.

2. Beidh éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar cheann de na nithe seo a leanas:

(a) ráiteas maidir le tionscnamh arna tharraingt suas ag an onnmhaireoir i gcomhréir le hAirteagal 10.17;

(b) eolas an allmhaireora faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10.19.

3. Áireofar éileamh ar chóir fhabhrach taraife agus an bonn atá leis an éileamh sin dá dtagraítear i mír 2 sa dearbhú custaim, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir.

4. Allmhaireoir a bhfuil éileamh ar chóir fhabhrach á dhéanamh aige bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le pointe (a) de mhír 2, coinneoidh sé an ráiteas agus cuirfidh sé é faoi bhráid údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir é, arna iarraidh sin.

Airteagal 10.17

Ráiteas maidir le tionscnamh

1. Déanfaidh onnmhaireoir táirge ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar bhonn faisnéise lena léireofar gur táirge tionscnaimh é an táirge, lena n-áirítear, más infheidhme, faisnéis faoi stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.

2. Is é an t-onnmhaireoir a bheidh freagrach as cruinneas an ráitis maidir le tionscnamh a tharraingeofar suas agus as an bhfaisnéis a sholáthrófar de bhun mhír 1. Má tá cúis ag an onnmhaireoir a chreidiúint go bhfuil faisnéis mhícheart sa ráiteas maidir le tionscnamh nó go bhfuil sé bunaithe ar fhaisnéis mhícheart, tabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra láithreach don allmhaireoir faoi aon athrú a dhéanfaidh difear do stádas tionscnaimh an táirge. Sa chás sin, ceartóidh an t-allmhaireoir an dearbhú allmhairiúcháin agus íocfaidh sé aon dleacht chustaim is infheidhme atá dlite.

3. Déanfaidh an t-onnmhaireoir ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gceann de na leaganacha teanga a chuimsítear in Iarscríbhinn 10-C ar shonrasc nó ar aon doiciméad tráchtála eile ina dtugtar tuairisc leordhóthanach ar an táirge tionscnaimh ionas gur féidir é a shainaithint in ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe. Ní cheanglóidh an Páirtí is allmhaireoir ar an allmhaireoir aistriúchán ar an ráiteas maidir le tionscnamh a chur isteach.

4. Beidh ráiteas maidir le tionscnamh bailí go ceann bliana amháin ón dáta a rinneadh amach é.

5. Féadfaidh ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) lastas amháin de tháirge amháin nó níos mó a allmhairítear isteach i bPáirtí; nó

(b) il-lastais de tháirgí comhionanna isteach i bPáirtí laistigh den tréimhse nach faide ná 12 mhí a shonrófar sa ráiteas maidir le tionscnamh.

6. Arna iarraidh sin don allmhaireoir agus faoi réir aon cheanglas a dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir a fhorchur, ceadóidh an Páirtí is allmhaireoir úsáid ráiteas aonair maidir le tionscnamh i dtaca le táirgí neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte, de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) den Chóras Comhchuibhithe, a aicmítear faoi Ranna XV go XXI den Chóras Comhchuibhithe má dhéantar na táirgí sin a allmhairiú i dtráthchodanna.

Airteagal 10.18

Mion-neamhréireachtaí agus mionearráidí

Ní dhiúltóidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir d'éileamh ar chóir fhabhrach taraife de bharr mion-neamhréireachtaí idir an ráiteas maidir le tionscnamh agus na doiciméid a cuireadh faoi bhráid na hoifige custaim, nó de bharr mionearráidí sa ráiteas maidir le tionscnamh.

Airteagal 10.19

Eolas an allmhaireora

1. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, ina dhlíthe agus ina rialacháin, coinníollacha a leagan amach chun a chinneadh cé na hallmhaireoirí a fhéadfaidh éileamh ar chóir fhabhrach taraife a bhunú ar eolas an allmhaireora.

2. D'ainneoin mhír 1, maidir le heolas an allmhaireora gur táirge tionscnaimh é an táirge, beidh sé bunaithe ar fhaisnéis lena léirítear go gcáilíonn an táirge mar tháirge tionscnaimh agus go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo chun stádas tionscnaimh a fháil.

Airteagal 10.20

Ceanglais maidir le taifid a choinneáil

1. Allmhaireoir a éilíonn cóir fhabhrach taraife le haghaidh táirge a allmhairítear isteach i bPáirtí, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh, coinneoidh sé an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraing an t-onnmhaireoir suas ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta an éilimh ar thosaíocht don táirge; agus

(b) má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach bunaithe ar eolas an allmhaireora, coinneoidh sé an fhaisnéis lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo chun stádas tionscnaimh a fháil ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta an éilimh ar chóir fhabhrach.

2. Onnmhaireoir a bhfuil ráiteas maidir le tionscnamh déanta amach aige, coinneoidh sé cóip den ráiteas maidir le tionscnamh agus de na taifid eile uile lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais chun stádas tionscnaimh a fháil, ar feadh 4 bliana ar a laghad tar éis dó an ráiteas maidir le tionscnamh sin a dhéanamh.

3. Féadfar na taifid atá le coinneáil i gcomhréir leis an Airteagal seo a choinneáil i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir nó an Pháirtí is onnmhaireoir, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 10.21

Díolúintí ó na ceanglais a bhaineann le ráitis maidir le tionscnamh

1. Táirgí a sheolfar mar phacáistí ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad gan gá le ráiteas maidir le tionscnamh a éileamh ina leith, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na Caibidle seo, agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor.

2. Allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí lena n-úsáid go pearsanta ag na faighteoirí nó na taistealaithe nó a dteaghlach, ní mheasfar gur allmhairí lena dtrádáil iad más léir ar chineál agus ar chainníocht na n-earraí nach bhfuil aon chríoch trádála beartaithe dóibh, ar choinníoll nach mbeidh an t-allmhairiú ina chuid de shraith allmhairithe a d'fhéadfaí a mheas go réasúnach go ndearnadh ar leithligh iad chun an ceanglas i ndáil le ráiteas maidir le tionscnamh a sheachaint.

3. Ní sháróidh luach iomlán na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 EUR 500 nó a chomhionann in airgeadra an Pháirtí i gcás pacáistí, ná EUR 1 200 nó a chomhionann in airgeadra an Pháirtí i gcás earraí ar cuid de bhagáiste pearsanta taistealaí iad.

Airteagal 10.22

Fíorú

1. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú nó a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo, bunaithe ar mhodhanna measúnaithe riosca, a bhféadfadh roghnú randamach a bheith san áireamh leo. Chun críocha an fhíoraithe sin, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh chuig an allmhaireoir a rinne an t-éileamh ar chóir fhabhrach de bhun Airteagal 10.16.

2. Údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a sheolfaidh iarraidh de bhun mhír 1, ní iarrfaidh sé níos mó ná an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le tionscnamh táirge:

(a) más ar ráiteas maidir le tionscnamh a bunaíodh an t-éileamh ar chóir fhabhrach, an ráiteas maidir le tionscnamh; agus

(b) faisnéis a bhaineann le comhlíonadh na gcritéar tionscnaimh, is é sin:

(i) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh 'faighte go hiomlán', an chatagóir is infheidhme (amhail buaint, mianadóireacht, iascaireacht) agus ionad an táirgthe;

(ii) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh bunaithe ar athrú ar aicmiú taraifí, liosta de na hábhair neamhthionscnaimh go léir, lena n-áirítear a rangú taraife (i bhformáid 2-, 4- nó 6- dhigit, ag brath ar an gcritéar tionscnaimh);

(iii) I gcás inar bunaíodh an critéar tionscnaimh ar mhodh luacha, luach an táirge deiridh chomh maith le luach gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh sa táirgeadh;

(iv) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh bunaithe ar mheáchan, meáchan an táirge deiridh chomh maith le meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh ábhartha a úsáideadh sa táirge deiridh; agus

(v) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh bunaithe ar phróiseas táirgthe ar leith, tuairisc ar an bpróiseas sonrach sin.

3. Agus an fhaisnéis a iarrtar á cur ar fáil aige, féadfaidh an t-allmhaireoir aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith ábhartha chun críche fíoraithe a chur isteach.

4. Má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le fomhír (a) d'Airteagal 10.16(2) arna eisiúint ag an onnmhaireoir, soláthróidh an t-allmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh sin ach féadfaidh sé freagra a thabhairt d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir ina léireofar nach féidir an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfomhír (b) de mhír 2 den Airteagal seo a sholáthar.

5. I gcás ina bhfuil an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar eolas an allmhaireora dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 10.16(2), tar éis dó faisnéis a iarraidh ar dtús i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú iarraidh bhreise ar fhaisnéis a sheoladh chuig an allmhaireoir má mheasann an t-údarás custaim sin go bhfuil gá le faisnéis bhreise chun stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú nó chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir doiciméid shonracha agus faisnéis shonrach a iarraidh ar an allmhaireoir, más iomchuí.

6. Má chinneann údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir deonú na córa fabhraí taraife do na táirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go bhfaighfear torthaí an fhíoraithe, féadfaidh sé a thairiscint don allmhaireoir an fhéidearthacht na táirgí a scaoileadh. Mar choinníoll le haghaidh scaoileadh den sórt sin, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir ráthaíocht nó beart réamhchúraim iomchuí eile a éileamh. Cuirfear deireadh le haon fhionraí ar chóir fhabhrach taraife a luaithe is féidir tar éis d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann a fhionnadh, nó tar éis dó na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhlíonadh.

Airteagal 10.23

Comhar riaracháin

1. Chun cur i bhfeidhm cuí na Caibidle seo a áirithiú, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, trína n-údaráis chustaim faoi seach, chun stádas tionscnaimh táirge a fhíorú nó chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil.

2. Má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le fomhír (a) d'Airteagal 10.16(2), tar éis dó faisnéis a iarraidh ar dtús ón allmhaireoir de bhun Airteagal 10.22(1), féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú, iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh chuig údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir laistigh de 2 bhliain tar éis dháta an éilimh ar chóir fhabhrach, má mheasann údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir go bhfuil gá leis an bhfaisnéis bhreise chun stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú nó chun a fhíorú cé acu ar comhlíonadh na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir doiciméid shonracha agus faisnéis shonrach a iarraidh ar údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir, más iomchuí.

3. Cuirfidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir an fhaisnéis seo a leanas san iarraidh dá dtagraítear i mír 2:

(a) an ráiteas maidir le tionscnamh nó cóip de;

(b) céannacht an údaráis custaim a d'eisigh an iarraidh;

(c) ainm an onnmhaireora atá le fíorú;

(d) ábhar agus raon feidhme an fhíoraithe; agus

(e) aon doiciméadacht iomchuí, más infheidhme.

4. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin, an fíorú a dhéanamh trí dhoiciméadacht a iarraidh ón onnmhaireoir agus trí fhianaise a iarraidh, nó trí chuairt a thabhairt ar áitreabh an onnmhaireora, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid agus chun breathnú ar na saoráidí a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.

5. Tar éis dó an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 a fháil, soláthróidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir an fhaisnéis seo a leanas d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir:

(a) an doiciméadacht a iarradh, má tá sí ar fáil;

(b) tuairim maidir le stádas tionscnaimh an táirge;

(c) tuairisc ar an táirge a bhí faoi réir fíoraithe agus an t-aicmiú taraife atá ábhartha do chur i bhfeidhm na rialach maidir le tionscnamh;

(d) tuairisc agus míniú ar an bpróiseas táirgthe a bheidh leordhóthanach chun tacú le stádas tionscnaimh an táirge;

(e) faisnéis faoin gcaoi a ndearnadh stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú de bhun mhír 4; agus

(f) doiciméadacht tacaíochta, más iomchuí.

6. Ní dhéanfaidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir faisnéis dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó (f) de mhír 5 a tharchur chuig údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir gan toiliú an onnmhaireora.

7. An fhaisnéis uile a iarrtar, lena n-áirítear aon doiciméad tacaíochta agus gach faisnéis ghaolmhar eile maidir le fíorú, ba cheart í a mhalartú go leictreonach idir údaráis chustaim na bPáirtithe.

8. Déanfaidh na Páirtithe, trí na comhordaitheoirí a ainmnítear i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, sonraí teagmhála a n-údarás custaim faoi seach agus aon mhodhnú orthu a sholáthar dá chéile laistigh de 30 lá ón modhnú sin.

Airteagal 10.24

Cúnamh frithpháirteach sa chomhrac i gcoinne na calaoise

I gcás sárú amhrasta ar an gCaibidil seo, soláthróidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile, i gcomhréir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

Airteagal 10.25

Diúltú na n-éileamh ar chóir fhabhrach taraife

1. Faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 3 go 5, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhiúltú sna cásanna seo a leanas:

(a) laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis na hiarrata ar fhaisnéis a fháil de bhun Airteagal 10.22(1):

(i) nach soláthraíonn an t-allmhaireoir aon fhreagra;

(ii) i gcásanna ina bhfuil an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le fomhír (a) d'Airteagal 10.16(2), nár soláthraíodh an ráiteas maidir le tionscnamh; nó

(iii) i gcásanna ina bhfuil an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar eolas an allmhaireora dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 10.16(2), nach leor an fhaisnéis a sholáthair an t-allmhaireoir chun stádas tionscnaimh an táirge a dheimhniú;

(b) laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis na hiarrata ar fhaisnéis bhreise a fháil de bhun Airteagal 10.22(5):

(i) nach soláthraíonn an t-allmhaireoir aon fhreagra; nó

(ii) nach leor an fhaisnéis a sholáthair an t-allmhaireoir chun a dheimhniú gur táirge tionscnaimh é an táirge;

(c) laistigh de thréimhse 10 mí tar éis na hiarrata ar fhaisnéis a fháil de bhun Airteagal 10.23(2):

(i) nach gcuireann údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir aon fhreagra ar fáil; nó

(ii) nach leor an fhaisnéis a sholáthair údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir chun stádas tionscnaimh an táirge a dheimhniú.

2. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhiúltú más rud é nach gcomhlíonann an t-allmhaireoir a rinne an t-éileamh sin ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo seachas na ceanglais sin a bhaineann le stádas tionscnaimh táirgí.

3. Má bhíonn údar leordhóthanach ag údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir chun éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhiúltú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, agus i gcás ina mbeidh tuairim tugtha ag údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir de bhun fhomhír (b) d'Airteagal 10.23(5) lena ndeimhnítear stádas tionscnaimh na dtáirgí, tabharfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir fógra d'údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir go bhfuil sé ar intinn aige an chóir fhabhrach taraife a dhiúltú laistigh de 2 mhí tar éis dó an tuairim sin a fháil.

4. Má tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 3, tionólfar comhairliúcháin arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe, laistigh de 3 mhí tar éis dháta an fhógra sin. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse chomhairliúcháin ar bhonn cás ar chás trí chomhaontú frithpháirteach idir údaráis chustaim na bPáirtithe. Féadfar an comhairliúchán a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 10.31.

5. Ar dhul in éag na tréimhse le haghaidh comhairliúcháin, ní dhiúltóidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife ach amháin mura mbeidh sé in ann stádas tionscnaimh an táirge a dheimhniú agus tar éis dó an ceart chun éisteacht a fháil a dheonú don allmhaireoir.

Airteagal 10.26

Rúndacht

1. Coimeádfaidh gach Páirtí, de réir a dhlíthe agus a rialacháin, rúndacht aon fhaisnéise arna cur ar fáil ag an bPáirtí eile dó, de bhun na Caibidle seo, agus cosnóidh sé an fhaisnéis sin ar nochtadh.

2. Ní fhéadfar úsáid a bhaint as faisnéis a gheobhaidh údaráis an Pháirtí is allmhaireoir ach amháin chun críocha na Caibidle seo.

3. Áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfar faisnéis rúnda arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid chun críocha seachas chun cinntí agus cinntiúcháin a bhaineann le tionscnamh táirgí agus le hábhair chustaim a riar agus a fhorfheidhmiú, ach amháin le cead ón duine nó ón bPáirtí a sholáthar an fhaisnéis faoi rún.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh Páirtí cead a thabhairt faisnéis arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid in aon imeachtaí riaracháin, breithiúnacha nó garbhreithiúnacha arna tionscnamh de dheasc nár comhlíonadh dlíthe agus rialacháin a bhaineann le custaim lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme. Tabharfaidh Páirtí fógra roimh ré don duine nó don Pháirtí a sholáthair an fhaisnéis lena mbaineann faoi aon úsáid den chineál sin.

Airteagal 10.27

Aisíocaíochtaí agus éilimh ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil go bhféadfaidh allmhaireoir, tar éis an allmhairithe, éileamh a dhéanamh ar chóir fhabhrach taraife agus ar aisíocaíocht ar aon dleachtanna breise a íocadh ar tháirge sna cásanna seo a leanas:

(a) nach ndearna an t-allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife tráth an allmhairithe;

(b) go ndéantar an t-éileamh tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dháta an allmhairithe; agus

(c) go raibh an táirge lena mbaineann incháilithe le haghaidh cóir fhabhrach taraife nuair a allmhairíodh isteach i gcríoch an Pháirtí é.

2. Mar choinníoll le haghaidh cóir fhabhrach taraife ar bhonn éileamh a dhéantar de bhun mhír 1, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a cheangal ar an allmhaireoir:

(a) éileamh a dhéanamh ar chóir fhabhrach taraife i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir;

(b) an ráiteas maidir le tionscnamh a sholáthar, de réir mar is iomchuí; agus

(c) gach ceanglas eile is infheidhme a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhlíonadh ar an mbealach céanna amhail is gur éilíodh cóir fhabhrach taraife tráth an allmhairithe.

Airteagal 10.28

Bearta agus smachtbhannaí riaracháin

1. Forchuirfidh Páirtí bearta agus smachtbhannaí riaracháin i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin faoi seach, ar dhuine a tharraingeoidh suas doiciméad, nó a chuireann faoi deara doiciméad a tharraingt suas, ina mbeidh faisnéis mhícheart chun cóir fhabhrach taraife a fháil do tháirge, nó nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sna nithe seo a leanas:

(a) Airteagal 10.20;

(b) Airteagal 10.23(4) trí gan fianaise a chur ar fáil nó trí chuairt a dhiúltú; nó

(c) Airteagal 10.17(2) trí gan éileamh ar chóir fhabhrach taraife arna dhéanamh sa dearbhú custaim a cheartú agus an dleacht chustaim a íoc de réir mar is iomchuí, más rud é go raibh an t-éileamh tosaigh ar thosaíocht bunaithe ar fhaisnéis mhícheart.

2. Cuirfidh an Páirtí san áireamh mír 3.6 d'Airteagal 6 den Chomhaontú maidir le hÉascú Trádála in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT i gcásanna ina nochtann allmhaireoir dá dheoin féin ceartú ar éileamh ar chóir fhabhrach sula bhfaighidh sé iarraidh fíorúcháin, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin.

ROINN C

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 10.29

Ceuta agus Melilla

1. Chun críocha na Caibidle seo, i gcás an Pháirtí AE, níl Ceuta agus Melilla san áireamh leis an téarma 'Páirtí'.

2. Maidir le táirgí de thionscnamh na Sile, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta agus Melilla iad, beidh siad faoi réir na cóireála custaim céanna faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, ar gach slí, leis an gcóireáil chustaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 d'Ionstraim Aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile don Aontas Eorpach. Maidir le hallmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, deonóidh an tSile dóibh an chóireáil chustaim chéanna a dheonaítear i gcás táirgí a allmhairítear ón bPáirtí AE agus ar de thionscnamh an Pháirtí AE iad.

3. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha tionscnaimh agus ag na nósanna imeachta maidir le tionscnamh faoin gCaibidil seo maidir le táirgí a onnmhairítear ón tSile go Ceuta agus Melilla agus maidir le táirgí a onnmhairítear ó Ceuta agus Melilla go dtí an tSile.

4. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.

5. Tá feidhm ag Airteagal 10.3 maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú táirgí idir an Páirtí AE, an tSile agus Ceuta agus Melilla.

6. Cuirfidh an t-onnmhaireoir 'an tSile' nó 'Ceuta agus Melilla' isteach i réimse 3 de théacs an ráitis maidir le tionscnamh in Iarscríbhinn 10-C, ag brath ar thionscnamh an táirge.

7. Beidh údarás custaim Ríocht na Spáinne freagrach as an Airteagal seo a chur i bhfeidhm in Ceuta agus Melilla.

Airteagal 10.30

Leasuithe

Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinntí a ghlacadh chun an Chaibidil seo agus Iarscríbhinní 10-A go 10-E a leasú, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1).

Airteagal 10.31

An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh

1. Beidh an Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh ('Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe atá freagrach as ábhair chustaim.

2. Beidh an Fochoiste freagrach as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach na Caibidle seo.

3. Chun críocha na Caibidle seo, beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste:

(a) athbhreithniú agus moltaí cuí a dhéanamh, de réir mar is gá, don Chomhchoiste maidir leis an méid seo a leanas:

(i) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Caibidle seo; agus

(ii) aon leasú ar an gCaibidil seo agus ar Iarscríbhinní 10-A go 10-E arna moladh ag Páirtí;

(b) moltaí a dhéanamh don Chomhchoiste maidir le nótaí míniúcháin a ghlacadh chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú; agus

(c) aon ábhar eile a bhreithniú a bhaineann leis an gCaibidil seo mar a comhaontaíodh idir na Páirtithe.

Airteagal 10.32

Táirgí atá faoi bhealach nó atá á stóráil

Féadfaidh na Páirtithe an Chuid seo den Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgí a chomhlíonann an Chaibidil seo agus, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, atá faoi bhealach nó atá á stóráil go sealadach i stóras custaim nó i saorlimistéir sa Pháirtí AE nó sa tSile, faoi réir ráiteas maidir le tionscnamh a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir.

Airteagal 10.33

Nótaí míniúcháin

Nótaí míniúcháin i ndáil le léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus riar na Caibidle seo, leagtar amach iad in Iarscríbhinn 10-E.

CAIBIDIL 11

CUSTAM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

Airteagal 11.1

Cuspóirí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá custam agus éascú trádála i dtimpeallacht athraitheach na trádála domhanda.

2. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil ionstraimí agus caighdeáin trádála agus custaim idirnáisiúnta mar bhonn do cheanglais agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras.

3. Aithníonn na Páirtithe go mbeidh a dhlíthe custaim agus a rialacháin chustaim neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh nósanna imeachta custaim bunaithe ar úsáid modhanna nua-aimseartha agus rialuithe éifeachtacha chun calaois a chomhrac, sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint agus an trádáil dhlisteanach a chur chun cinn. Ba cheart do gach Páirtí athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar a dhlíthe custaim, a rialacháin chustaim agus a nósanna imeachta custaim. Aithníonn na Páirtithe freisin nach mbeidh a nósanna imeachta custaim níos troime ó thaobh riaracháin de nó níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach atá intuartha, comhsheasmhach agus trédhearcach.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar eatarthu a threisiú d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar leis na dlíthe, na rialacháin agus na nósanna imeachta ábhartha maidir le custaim, agus le acmhainneacht riaracháin na gcóras riaracháin ábhartha chomh maith, na cuspóirí maidir le héascú trádála a chur chun cinn, agus rialú custaim éifeachtach á áirithiú san am céanna.

Airteagal 11.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo ciallaíonn 'údarás custaim':

(a) i gcás na Sile, an *Servicio Nacional de Aduanas* (an tSeirbhís Náisiúnta Custaim), nó a comharba; agus

(b) i gcás an Pháirtí AE, na seirbhísí sin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair chustaim agus as na riaracháin chustaim agus aon údarás eile sna Ballstáit atá freagrach as dlíthe custaim agus rialacháin chustaim a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

Airteagal 11.3

Comhar custaim

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le hábhair chustaim idir a n-údaráis chustaim faoi seach chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 11.1.

2. Forbróidh na Páirtithe an comhar, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a mhalartú maidir le dlíthe custaim agus rialacháin chustaim, a gcur chun feidhme, agus nósanna imeachta custaim, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

(i) simpliú agus nuachóiriú nósanna imeachta custaim;

(ii) forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla ag na húdaráis chustaim;

(iii) gluaiseachtaí idirthurais agus trasloingsiú a éascú;

(iv) caidrimh leis an bpobal gnó; agus

(v) slándáil an tslabhra soláthair agus bainistiú riosca;

(b) oibriú le chéile chun na gnéithe sin den slabhra soláthair trádála idirnáisiúnta a bhaineann le custam a dhaingniú agus a éascú i gcomhréir leis an gCreat Caighdeán SAFE de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim (dá ngairtear 'EDC' anseo feasta) chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú arna ghlacadh i mí an Mheithimh 2005;

(c) breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt maidir le nósanna imeachta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus nósanna imeachta custaim eile, lena n-áirítear dea-chleachtais agus cúnamh teicniúil a mhalartú, agus a áirithiú go gcuirfear seirbhís éifeachtach ar fáil don phobal gnó; féadfar a áireamh ar an gcomhar sin malartuithe maidir le saotharlanna custaim, oiliúint oifigeach custaim agus malartuithe maidir le teicneolaíochtaí nua le haghaidh rialuithe agus nósanna imeachta custaim;

(d) an comhar eatarthu i réimse an chustaim a neartú in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail EDT agus EDC;

(e) aitheantas frithpháirteach a bhunú, más ábhartha agus iomchuí, do chláir oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, lena n-áirítear bearta coibhéiseacha éascaithe trádála;

(f) malartuithe a dhéanamh ar theicnící bainistithe riosca, caighdeáin riosca agus rialuithe slándála, chun íoschaighdeáin a bhunú, a mhéid is féidir, maidir le teicnící bainistithe riosca agus ceanglais agus cláir ghaolmhara;

(g) féachaint lena gceanglais sonraí le haghaidh nósanna imeachta um allmhairiú agus um onnmhairiú agus nósanna imeachta eile um chustam a chomhchuibhiú trí chomhchaighdeáin agus comheilimintí sonraí a chur chun feidhme de réir Shamhail Sonraí EDC;

(h) a dtaithí faoi seach a roinnt maidir lena gcórais ionaid ilfhreastail a fhorbairt agus a úsáid, agus, más iomchuí, tacair choiteanna eilimintí sonraí a fhorbairt do na córais sin;

(i) idirphlé a choinneáil ar bun i measc a saineolaithe beartais faoi seach chun úsáideacht, éifeachtúlacht agus infheidhmeacht réamhrialuithe le haghaidh údaráis chustaim agus trádálaithe a chur chun cinn; agus

(j) más ábhartha agus más iomchuí, catagóirí áirithe faisnéise i ndáil le custam a mhalartú trí chumarsáid struchtúrtha athfhillteach idir a n-údaráis chustaim chun críoch sonrach, go háirithe feabhas a chur ar bhainistíocht riosca agus ar éifeachtacht rialuithe custaim, lena ndírítear ar earraí a bhfuil riosca ag baint leo ó thaobh bailiú ioncaim nó ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, agus lena n-éascaítear an trádáil dhlisteanach; beidh na malartuithe sin gan dochar do mhalartuithe faisnéise a d'fhéadfadh tarlú idir na Páirtithe i gcomhréir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

3. Beidh aon mhalartú faisnéise idir na Páirtithe faoin gCaibidil seo, *mutatis mutandis*, faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht faisnéise agus cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach in Airteagal 12 den Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim, chomh maith le haon cheanglais rúndachta agus phríobháideachais a leagtar amach i ndlíthe agus rialacháin na bPáirtithe.

Airteagal 11.4

Cúnamh frithpháirteach riaracháin

Soláthróidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim dá chéile, i gcomhréir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

Airteagal 11.5

Dlíthe custaim, rialacháin chustaim agus nósanna imeachta custaim

1. Ba cheart a áirithiú go bhfuil an méid seo a leanas fíor maidir lena dlíthe custaim, a rialacháin chustaim agus a nósanna imeachta custaim:

(a) tá siad bunaithe ar ionstraimí agus caighdeáin idirnáisiúnta i réimse an chustaim agus na trádála, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí a rinneadh sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983, chomh maith le Creat Caighdeán SAFE chun Trádáil Dhomhanda EDC agus Samhail Sonraí EDC a Áirithiú agus a Éascú, agus más infheidhme, eilimintí substainteacha Choinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto maidir le Nósanna Imeachta Custaim a Shimpliú agus a Chomhchuibhiú, a rinneadh in Kyoto an 18 Bealtaine 1973 agus a ghlac Comhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim i mí an Mheithimh 1999;

(b) tá siad bunaithe ar chosaint agus éascú trádála dlisteanaí trí cheanglais reachtacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus trí na ceanglais sin a chomhlíonadh; agus

(c) tá siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, chun ualaí neamhriachtanacha ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint, lena ndéantar foráil maidir le héascú breise le haghaidh oibreoirí a bhfuil leibhéil arda comhlíontachta acu, lena n-áirítear cóir fhabhrach maidir le rialuithe custaim roimh scaoileadh earraí, agus lena n-áirithítear coimircí in aghaidh calaoise agus gníomhaíochtaí atá aindleathach nó ar féidir díobháil a dhéanamh leo.

2. Chun feabhas a chur ar mhodhanna oibre, agus chun neamh-idirdhealú, trédhearcacht, éifeachtúlacht, sláine agus cuntasacht oibríochtaí a áirithiú, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) ceanglais agus foirmiúlachtaí a shimpliú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, más féidir, d'fhonn earraí a scaoileadh agus a imréiteach go tapa;

(b) oibriú i dtreo tuilleadh simplithe agus caighdeánaithe a dhéanamh ar shonraí agus ar dhoiciméadacht a éilíonn gníomhaireachtaí custaim agus gníomhaireachtaí eile chun na hualaigh ama agus costas a laghdú d'oibreoirí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide; agus

(c) a áirithiú go gcoinneofar na caighdeáin is airde ionracais ar bun, trí bhearta a chur i bhfeidhm lena léireofar prionsabail na gcoinbhinsiún agus na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse seo.

Airteagal 11.6

Scaoileadh earraí

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis chustaim, a ghníomhaireachtaí teorann nó a údaráis inniúla eile an méid seo a leanas:

(a) foráil a dhéanamh maidir le scaoileadh pras earraí laistigh de thréimhse nach faide ná mar is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar a dhlíthe custaim agus dlíthe agus rialacháin agus foirmiúlachtaí eile a bhaineann le trádáil;

(b) foráil a dhéanamh maidir le réamhchur isteach agus réamhphróiseáil leictreonach doiciméadachta agus aon fhaisnéis eile is gá sula dtiocfaidh na hearraí isteach;

(c) scaoileadh earraí a cheadú sula ndéanfar cinneadh go críochnaitheach maidir le dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir, faoi réir ráthaíocht a chur ar fáil, má cheanglaítear sin lena dlíthe agus lena rialacháin, chun a n-íocaíocht deiridh a áirithiú; agus

(d) tosaíocht iomchuí a thabhairt d'earraí meatacha agus aon scrúdú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil á sceidealú agus á dhéanamh.

Airteagal 11.7

Nósanna imeachta custaim simplithe

Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta, nó coinneoidh sé ar bun iad, lena ligfear d'oibreoirí a chomhlíonann na critéir a shonraítear ina dhlíthe agus ina rialacháin tairbhe a bhaint as simpliú breise ar nósanna imeachta custaim. Féadfar a áireamh ar na bearta sin dearbhuithe custaim ina bhfuil tacair laghdaithe sonraí nó doiciméid tacaíochta, nó dearbhuithe tréimhsiúla custaim chun dleachtanna custaim agus cánacha a chinneadh agus a íoc lena gcumhdaítear allmhairí iolracha laistigh de thréimhse áirithe tar éis scaoileadh na n-earraí allmhairithe sin, nó nósanna imeachta eile lena bhforáiltear maidir le scaoileadh gasta lastais áirithe.

Airteagal 11.8

Oibreoirí eacnamaíocha údaraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí clár comhpháirtíochta um éascú trádála a bhunú nó a choinneáil ar bun le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann critéir shonraithe (dá ngairtear 'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe' anseo feasta).

2. Na critéir shonraithe chun cáiliú mar oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, bainfidh siad le comhlíonadh nó le riosca neamhchomhlíonadh na gceanglas a shonraítear i ndlíthe, rialacháin nó nósanna imeachta gach Páirtí. Foilseofar na critéir shonraithe agus féadfar na nithe seo a leanas a áireamh sna critéir sin:

(a) easpa sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a ndearnadh an athuair ar reachtaíocht chustaim agus ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheidh ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an iarratasóra;

(b) ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí á léiriú ag an iarratasóir, trí bhíthin córas chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair, i gcás inarb iomchuí, a cheadaíonn rialuithe iomchuí custaim;

(c) sócmhainneacht airgeadais, a measfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir, lena gcuirfear ar a chumas a ghealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréith an chineáil gníomhaíochta ghnó lena mbaineann;

(d) inniúlachtaí cruthaithe nó cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar; agus

(e) caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta.

3. Na critéir shonraithe dá dtagraítear i mír 2, ní cheapfar ná ní chuirfear i bhfeidhm iad chun idirdhealú treallach nó dochosanta a chruthú idir oibreoirí eacnamaíocha i gcás ina bhfuil na coinníollacha céanna i réim, agus ceadófar leo rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide.

4. Áireofar na tairbhí seo a leanas sa chlár comhpháirtíochta um éascú trádála dá dtagraítear i mír 1:

(a) ceanglais ísle dhoiciméadacha agus sonraí, de réir mar is iomchuí;

(b) ráta níos ísle cigireachtaí agus scrúduithe fisiceacha brostaithe, de réir mar is iomchuí;

(c) nósanna imeachta scaoilte simplithe agus am scaoilte tapa, de réir mar is iomchuí;

(d) úsáid ráthaíochtaí, lena n-áirítear, más infheidhme, ráthaíochtaí cuimsitheacha nó ráthaíochtaí laghdaithe; agus

(e) rialú earraí ar áitreabh an oibreora eacnamaíoch údaraithe nó in áit eile arna húdarú ag na húdaráis chustaim.

5. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí tairbhí breise, amhail na tairbhí seo a leanas, sa chlár comhpháirtíochta um éascú trádála dá dtagraítear i mír 1:

(a) íocaíocht iarchurtha dleachtanna, cánacha, táillí agus muirear;

(b) dearbhú custaim aonair le haghaidh allmhairí nó onnmhairí uile i dtréimhse áirithe; nó

(c) pointe teagmhála tiomnaithe a bheith ar fáil chun cúnamh a thabhairt in ábhair chustaim.

Airteagal 11.9

Ceanglais maidir le sonraí agus doiciméadacht

1. Áiritheoidh gach Páirtí an méid seo a leanas maidir le foirmiúlachtaí, ceanglais sonraí agus doiciméadachta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais:

(a) go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad d'fhonn earraí a scaoileadh go tapa, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha don scaoileadh;

(b) go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é is aidhm dó an t-am agus an costas a bhaineann le comhlíontacht a laghdú do thrádálaithe nó d'oibreoirí;

(c) gurb iad an rogha is lú sriantach ar thrádáil iad, i gcás ina mbeadh dhá rogha mhalartacha nó níos mó ar fáil go réasúnach chun an cuspóir beartais nó na cuspóirí beartais i gceist a chomhlíonadh; agus

(d) nach gcoinneofaí ar bun iad, lena n-áirítear codanna díobh, mura mbeadh gá leo a thuilleadh.

2. Cuirfidh gach Páirtí nósanna imeachta custaim coiteanna i bhfeidhm agus úsáidfidh sé doiciméid chustaim aonfhoirmeacha i ndáil le hearraí a scaoileadh ar fud a chríche custaim.

Airteagal 11.10

Teicneolaíochtaí faisnéise agus íocaíocht leictreonach a úsáid

1. Úsáidfidh gach Páirtí teicneolaíochtaí faisnéise lena mbrostaítear na nósanna imeachta le haghaidh earraí a scaoileadh chun trádáil a éascú idir na Páirtithe.

2. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) dearbhú custaim a chur ar fáil, trí mheán leictreonach, ar dearbhú é is gá chun earraí a allmhairiú, a onnmhairiú nó a chur ar idirthuras;

(b) cead a thabhairt chun dearbhú custaim a chur isteach i bhformáid leictreonach;

(c) modh a bhunú chun foráil a dhéanamh maidir le malartú leictreonach faisnéise custaim lena phobal trádála;

(d) malartú leictreonach sonraí idir oibreoirí agus údaráis chustaim a chur chun cinn, chomh maith le gníomhaireachtaí gaolmhara eile; agus

(e) córais leictreonacha bainistithe riosca a úsáid chun measúnú agus spriocdhíriú a dhéanamh lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis chustaim a gcigireachtaí a dhíriú ar earraí ardriosca agus lena n-éascaítear scaoileadh agus gluaiseacht earraí a mbaineann riosca íseal leo.

3. Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta nó coinneoidh sé nósanna imeachta ar bun lena gceadaítear don rogha íocaíocht leictreonach a dhéanamh le haghaidh dleachtanna, cánacha, táillí agus muirear arna mbailiú ag údaráis chustaim agus arna dtabhú ar allmhairiú agus ar onnmhairiú.

Airteagal 11.11

Bainistíocht riosca

1. Glacfaidh gach Páirtí córas bainistíochta riosca nó déanfaidh sé é a choinneáil ar bun le haghaidh rialú custaim.

2. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach go seachnófar idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar, nó srianta faoi cheilt ar an trádáil idirnáisiúnta.

3. Díreoidh gach Páirtí rialuithe custaim agus rialuithe ábhartha eile teorann ar choinsíneachtaí ardriosca agus déanfaidh sé scaoileadh coinsíneachtaí lena mbaineann riosca íseal a bhrostú. Féadfaidh gach Páirtí coinsíneachtaí a roghnú freisin, ar bhonn randamach, le haghaidh rialuithe den sórt sin mar chuid dá bhainistiú riosca.

4. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a bhunú ar mheasúnú riosca trí chritéir iomchuí roghnaíochta.

Airteagal 11.12

Iniúchadh iar-imréitigh

1. D'fhonn scaoileadh earraí a bhrostú, déanfaidh gach Páirtí iniúchadh iar-imréitigh a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe custaim agus dlíthe gaolmhara agus rialacháin ghaolmhara eile.

2. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar-imréitigh ar bhealach rioscabhunaithe.

3. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar-imréitigh ar bhealach trédhearcach. Má dhéantar iniúchadh agus má bhaintear amach torthaí dochloíte, déanfaidh an Páirtí, gan mhoill, fógra a thabhairt don duine ar iniúchadh a thaifead faoi na torthaí, faoi na cúiseanna atá leis na torthaí agus faoi chearta agus oibleagáidí an duine sin.

4. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar an fhaisnéis a fhaightear san iniúchadh iar-imréitigh a úsáid in imeachtaí breise riaracháin nó breithiúnacha.

5. I gcás inar praiticiúil, bainfidh na Páirtithe úsáid as toradh an iniúchta iar-imréitigh agus bainistíocht riosca á cur i bhfeidhm acu.

Airteagal 11.13

Trédhearcacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhairliúcháin thráthúla le hionadaithe trádála maidir le tograí reachtacha agus nósanna imeachta ginearálta a bhaineann le hábhair chustaim agus thrádála. Chuige sin, déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le comhairliúcháin iomchuí idir riaracháin agus an pobal gnó.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, lena gceanglais chustaim agus a nósanna imeachta custaim, mar aon lena gceanglais agus nósanna imeacht gaolmhara féin, go leanfar de fhreastail ar riachtanais an phobail gnó, dea-chleachtais a leanúint, agus go leanfaidh siad de bheith ar an méid is lú srianta ó thaobh na trádála de.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le comhairliúcháin thráthrialta iomchuí idir gníomhaireachtaí teorann agus trádálaithe nó páirtithe leasmhara eile laistigh dá chríoch.

4. Foilseoidh gach Páirtí go pras ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus inrochtana, lena n-áirítear ar líne, agus sula gcuirfear i bhfeidhm iad, dlíthe agus rialacháin nua a bhaineann le hábhair chustaim agus éascaithe trádála, chomh maith le leasuithe ar, agus léirmhínithe ar, na dlíthe agus na rialacháin sin. Na dlíthe agus rialacháin sin, mar aon le leasuithe agus léirmhínithe orthu, áireofar orthu na dlíthe agus na rialacháin sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, lena n-áirítear nósanna imeachta calafoirt, nósanna imeachta aerfoirt agus nósanna imeachta eile a bhaineann leis an bpointe iontrála, agus na foirmeacha agus doiciméid is gá;

(b) rátaí feidhmeacha dleachtanna agus cánacha de gach saghas a fhorchuirtear ar allmhairiú nó onnmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú;

(c) táillí agus muirir a fhorchuireann gníomhaireachtaí rialtais, nó a fhorchuirtear ar a son, ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras nó i ndáil le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(d) rialacha chun táirgí a aicmiú nó a luacháil chun críocha custaim;

(e) dlíthe, rialacháin agus rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu a bhaineann le rialacha tionscnaimh;

(f) srianta nó toirmisc ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(g) forálacha pionóis in aghaidh sáruithe ar fhoirmiúlachtaí allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin nó idirthurais;

(h) comhaontuithe nó codanna díobh le haon tír nó tíortha a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(i) nósanna imeachta a bhaineann le riaradh cuótaí taraife;

(j) uaireanta oibriúcháin agus nósanna imeachta le haghaidh oifigí custaim ag calafoirt agus ag pointí trasnaithe teorann;

(k) pointí teagmhála le haghaidh fiosruithe faisnéise; agus

(l) fógraí ábhartha eile de chineál riaracháin i ndáil le fomhíreanna (a) go (k).

5. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh tréimhse réasúnach ama idir dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta agus táillí nó muirir atá nua nó leasaithe a fhoilsiú ([11]) agus a theacht i bhfeidhm.

6. Déanfaidh gach Páirtí pointe fiosrúcháin amháin nó níos mó a bhunú nó a choinneáil ar bun chun freagra a thabhairt fhiosrúcháin réasúnta ó rialtais, ó oibreoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le custam agus le hábhair eile a bhaineann le trádáil. Tabharfaidh na pointí fiosrúcháin freagra ar fhiosrúcháin laistigh de thréimhse réasúnach arna leagan amach ag gach Páirtí, ar tréimhse í a fhéadfar a athrú ag brath ar chineál nó castacht na hiarrata. Ní éileoidh Páirtí go n-íocfar táille chun fiosrúcháin a fhreagairt ná chun na foirmeacha agus doiciméid is gá a sholáthar.

Airteagal 11.14

Réamhrialuithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'réamhrialú' cinneadh i scríbhinn a sholáthraítear d'iarratasóir sula n-allmhairítear earra a chumhdaítear leis an iarratas ina leagtar amach an chóir atá le soláthar ag an bPáirt don earra tráth an allmhairithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) aicmiú taraife an earra;

(b) tionscnamh na n-earraí; agus

(c) aon ábhar eile de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

2. Eiseoidh gach Páirtí réamhrialú trína údaráis chustaim. Eiseofar an réamhrialú sin ar bhealach réasúnach agus faoi cheangal ama don iarratasóir a bhfuil iarraidh i scríbhinn curtha isteach aige, lena n-áirítear i bhformáid leictreonach, a bhfuil an fhaisnéis uile is gá ann i gcomhréir le dlíthe agus le rialacháin an Pháirtí is eisitheoir.

3. Beidh an réamhrialú bailí ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, mura rud é go bhfuil athrú tagtha ar an dlí, ar na fíorais nó ar na himthosca a thacaíonn leis an réamhrialú bunaidh.

4. Féadfaidh Páirtí diúltú réamhrialú a eisiúint má tá na fíorais agus na himthosca atá mar bhonn don réamhrialú faoi athbhreithniú riaracháin nó bhreithiúnach, nó mura mbaineann an t-iarratas le haon úsáid atá beartaithe don réamhrialú. Má dhiúltaíonn Páirtí réamhrialú a eisiúint, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir go pras, ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh.

5. Foilseoidh gach Páirtí, ar a laghad:

(a) na ceanglais chun iarratas a dhéanamh ar réamhrialú, lena n-áirítear an fhaisnéis atá le soláthar agus an fhormáid;

(b) an tréimhse ama ina n-eiseoidh sé réamhrialú; agus

(c) an fad ama a bhfuil an réamhrialú bailí lena linn.

6. Má dhéanann Páirtí réamhrialú a chúlghairm nó a mhodhnú nó a chur ó bhailíocht, soláthróidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh. Ní dhéanfaidh Páirtí réamhrialú le héifeacht chúlghabhálach a chúlghairm, a mhodhnú ná a chur ó bhailíocht ach amháin má bhí an rialú bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag an iarratasóir a bhí neamhiomlán, mícheart, bréagach nó míthreorach.

7. Beidh réamhrialú arna eisiúint ag Páirtí ina cheangal ar an bPáirtí sin i leith an iarratasóra. Beidh an réamhrialú ina cheangal ar an iarratasóir freisin.

8. Déanfaidh gach Páirtí, ar iarraidh i scríbhinn ón iarratasóir, athbhreithniú ar an réamhrialú nó ar an gcinneadh réamhrialú a chúlghairm, a mhodhnú nó a chur ó bhailíocht a chur ar fáil.

([11]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tagraíonn 'foilsiú' do dhlíthe agus rialacháin a chur ar fáil go poiblí.

9. Faoi réir ceanglais rúndachta ina dhlíthe agus ina rialacháin, déanfaidh gach Páirtí eilimintí substainteacha a réamhrialuithe a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar líne.

Airteagal 11.15

Idirthuras agus trasloingsiú

1. Áiritheoidh gach Páirtí go n-éascófar agus go ndéanfar rialú éifeachtach ar ghluaiseachtaí idirthurais agus ar oibríochtaí trasloingsithe trína chríoch féin.

2. Déanfaidh gach Páirtí socruithe réigiúnacha idirthurais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme d'fhonn trádáil a éascú.

3. Áiritheoidh gach Páirtí comhar idir a údaráis agus gníomhaireachtaí ábhartha lena mbaineann, agus comhordú maidir lena údaráis agus gníomhaireachtaí ábhartha lena mbaineann chun an trácht faoi bhealach a éascú.

4. Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais rialála uile, ceadóidh gach Páirtí earraí a bhfuil sé beartaithe iad a allmhairiú a aistriú tríd a chríoch faoi rialú custaim ó oifig custaim iontrála go dtí oifig custaim eile ina chríoch óna ndéanfaí na hearraí a scaoileadh nó a imréiteach.

Airteagal 11.16

Bróicéirí custaim

1. Ní thabharfaidh Páirtí úsáid shainordaitheach bróicéirí custaim isteach mar cheanglas ar oibreoirí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí.

2. Foilseoidh gach Páirtí a bhearta maidir le húsáid bróicéirí custaim.

3. Cuirfidh na Páirtithe rialacha trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha i bhfeidhm agus bróicéirí custaim á gceadúnú acu.

Airteagal 11.17

Cigireachtaí réamhsheolta

Ní éileoidh na Páirtithe go ndéanfar cigireachtaí réamhsheolta faoi mar a shainmhínítear iad sa Chomhaontú maidir le Cigireacht Réamhsheolta in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT, ná aon ghníomhaíocht chigireachta eile a dhéanann cuideachtaí príobháideacha ag an gceann scríbe roimh imréiteach custaim.

Airteagal 11.18

Achomhairc

1. Cuirfidh gach Páirtí nósanna imeachta éifeachtacha, prasa, neamh-idirdhealaitheacha ar fáil a mbeidh rochtain éasca orthu chun an ceart achomhairc a ráthú in aghaidh gníomhaíochtaí riaracháin, rialuithe agus cinntí de chuid údarás custaim nó údarás inniúil eile a dhéanann difear d'allmhairiú nó d'onnmhairiú earraí nó d'earraí faoi bhealach.

2. Féadfar a áireamh ar na nósanna imeachta achomhairc athbhreithniú riaracháin ag an údarás maoirseachta agus athbhreithniú breithiúnach ar chinntí a dhéantar ar an leibhéal riaracháin i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin Páirtí.

3. Aon duine a bhfuil iarratas ar chinneadh curtha faoi bhráid na n-údarás custaim nó faoi bhráid na n-údarás inniúil eile aige agus nach bhfuil an cinneadh faoin iarratas sin faighte aige laistigh de na teorainneacha ama ábhartha, beidh sé i dteideal ceart achomhairc a fheidhmiú freisin.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthróidh a údaráis chustaim nó údaráis inniúla eile na cúiseanna atá leis na cinntí sin do dhaoine a n-eisítear cinntí riaracháin dóibh chun nósanna imeachta achomhairc a éascú, i gcás inar gá.

Airteagal 11.19

Pionóis

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhforáiltear lena dhlíthe custaim agus lena rialacháin chustaim gur comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach atá aon phionós arna fhorchur i leith sáruithe ar dhlíthe custaim, ar rialacháin chustaim nó ar cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim.

2. Áiritheoidh gach Páirtí nach bhforchuirfear aon phionós arna fhorchur as sárú ar a dhlíthe custaim, ar a rialacháin chustaim nó ar a cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim ach amháin ar an duine atá freagrach go dlíthiúil as an sárú.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbunófar an pionós a fhorchuirfear ar fhíorais agus ar imthosca an cháis agus go mbeidh sé ar cóimhéid le méid agus déine an tsáraithe. Seachnóidh gach páirtí dreasachtaí nó coinbhleachtaí leasa nuair a bheidh pionóis á measúnú agus á mbailiú.

4. Spreagtar gach Páirtí le nochtadh roimh ré don údarás custaim maidir leis na himthosca a bhaineann le sárú ar dhlíthe custaim, ar rialacháin chustaim nó ar cheanglais nós imeachta a chur san áireamh, mar fhachtóir maolaitheach féideartha agus pionós á shuí.

5. I gcás ina bhforchuirfidh Páirtí pionós as sárú ar a dhlíthe custaim, a rialacháin chustaim nó a cheanglais nós imeachta custaim, soláthróidh sé míniú i scríbhinn don duine ar a bhforchuirfidh sé an pionós lena sonrófar cineál an tsáraithe agus na dlíthe, na rialacháin nó na nósanna imeachta is infheidhme ar dá bhun a forchuireadh méid nó raon an phionóis don sárú.

Airteagal 11.20

An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh

1. Bunaítear an Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh ('Fochoiste') de bhun Airteagal 8.8(1).

2. Áiritheoidh an Fochoiste go ndéanfaidh na húdaráis inniúla an Chaibidil seo a chur chun feidhme go cuí mar aon le forfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla ag teorainneacha i gcomhréir le Foroinn 2 de Roinn C de Chaibidil 32, an Prótacal maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim agus aon fhoráil bhreise a bhaineann le custam arna gcomhaontú idir na Páirtithe, agus scrúdóidh sé gach ábhar a eascraíonn as a gcur i bhfeidhm.

3. Áireofar ar fheidhmeanna an Fhochoiste:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Caibidle seo agus Chaibidil 10;

(b) fóram a sholáthar chun dul i gcomhairle maidir le gach ábhar a bhaineann le custam, lena n-áirítear go háirithe nósanna imeachta custaim, luacháil custaim, córais taraife, ainmníocht chustaim, comhar custaim agus cúnamh riaracháin frithpháirteach maidir le hábhair chustaim, agus chun na hábhair sin a phlé;

(c) fóram a sholáthar chun dul i gcomhairle agus plé a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialacha tionscnaimh agus comhar riaracháin, agus bearta teorann le haghaidh cearta maoine intleachtúla; agus

(d) comhar a fheabhsú maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú nósanna imeachta custaim, cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim, rialacha tionscnaimh agus comhar riaracháin.

4. Féadfaidh an Fochoiste moltaí a dhéanamh maidir leis na hábhair a chumhdaítear le mír 2. Beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach nó ag an gComhchoiste cinntí a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do theicnící bainistithe riosca, do chaighdeáin riosca, do rialuithe slándála agus do chláir chomhpháirtíochta um éascú trádála, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach.

Airteagal 11.21

Cead isteach sealadach

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma 'cead isteach sealadach' an nós imeachta custaim faoinar féidir earraí áirithe, lena n-áirítear modhanna iompair, a thabhairt isteach i gcríoch chustaim a scaoiltear go coinníollach ó dhleachtanna agus cánacha ar allmhairí a íoc agus gan toirmisc ná srianta de chineál eacnamaíoch ar allmhairí a chur

i bhfeidhm. Ní mór earraí den sórt sin a allmhairiú chun críche sonraí agus ní mór a n-athonnmhairiú a bheith beartaithe laistigh de thréimhse shonraithe agus gan aon athrú a bheith déanta orthu seachas an gnáth-dhíluachadh de bharr na húsáide a bhaintear astu.

2. Déanfaidh gach Páirtí cead isteach sealadach a dheonú, mar a fhoráiltear ina dhlíthe agus ina rialacháin, maidir leis na hearraí seo a leanas, cead lena mbaineann faoiseamh coinníollach iomlán ó dhleachtanna agus ó chánacha ar allmhairí agus atá gan srianta nó toirmisc de chineál eacnamaíoch ar allmhairí ([12]):

(a) earraí atá le cur ar taispeáint nó le húsáid ag taispeántais, ag aontaí, ag cruinnithe nó ag imeachtaí comhchosúla, rud a chiallaíonn earraí atá ceaptha lena gcur ar taispeáint nó lena dtaispeáint ag imeacht; earraí a bheartaítear a úsáid i ndáil le táirgí eachtrannacha a chur ar taispeáint ag imeacht; agus trealamh lena n-áirítear trealamh ateangaireachta, gaireas taifeadta fuaime agus íomhá agus scannáin de chineál oideachais, eolaíoch nó cultúrtha atá beartaithe lena úsáid ag cruinnithe, comhdhálacha nó comhdhálacha idirnáisiúnta, agus earraí a fhaightear ag imeachtaí den sórt sin ó earraí a cuireadh faoi chead isteach sealadach; féadfaidh gach Páirtí a cheangal go n-eiseofar údarú rialtais nó ráthaíocht nó éarlais sula dtarlóidh an t-imeacht;

(b) trealamh gairmiúil, rud a chiallaíonn: trealamh le haghaidh na meán, le haghaidh craoltóireacht fuaime nó teilifíse, atá ag teastáil ó ionadaithe ó na meáin nó ó eagraíochtaí craoltóireachta nó teilifíse atá ar cuairt chuig críoch tíre eile chun críoch tuairiscithe nó chun ábhar a tharchur nó a thaifeadadh le haghaidh cláir shonraithe; trealamh cineamatagrafach atá ag teastáil ó dhuine atá ar cuairt chuig críoch tíre eile chun scannán sonraithe nó scannáin shonraithe a dhéanamh; aon trealamh eile atá ag teastáil chun post, ceird nó gairm duine atá ar cuairt chuig críoch tíre eile a dhéanamh chun tasc sonraithe a chur i gcrích, a mhéid nach n-úsáidfear é chun earraí a mhonarú ná a phacáistiú go tionsclaíoch nó, ach amháin i gcás uirlisí láimhe, chun acmhainní nádúrtha a shaothrú, chun foirgnimh a thógáil, a dheisiú ná a chothabháil nó chun cré a chartadh nó le haghaidh tionscadail ghaolmhara; gaireas coimhdeach le haghaidh an trealaimh thuasluaite, agus gabhálais lena n-aghaidh; agus comhpháirteanna arna n-allmhairiú chun trealamh gairmiúil a ceadaíodh isteach go sealadach a dheisiú;

(c) earraí arna n-allmhairiú i ndáil le hoibríocht tráchtála i gcás nach oibríocht tráchtála a n-allmhairiú ann féin, amhail: Ábhair phacála a allmhairítear líonta lena n-athonnmhairiú agus iad folamh nó líonta, nó a allmhairítear folamh lena n-athonnmhairiú agus iad líonta; coimeádáin, bídís líonta le hearraí nó ná bíodh, agus gabhálais agus trealamh le haghaidh coimeádáin arna gceadú isteach go sealadach, a allmhairítear le coimeádán atá le hathonnmhairiú leis féin nó le coimeádán eile, nó a allmhairítear leis féin agus atá le hathonnmhairiú le coimeádán agus comhpháirteanna lenar beartaíodh coimeádáin a dheisiú ar tugadh cead isteach sealadach dóibh; pilléid; samplaí; scannáin fógraíochta;

(d) earraí arna n-allmhairiú go heisiach chun críoch oideachais, eolaíochta nó cultúir, amhail trealamh eolaíoch, ábhar oideolaíoch, ábhar leasa do mharaithe, agus aon earraí eile arna n-allmhairiú i dtaca le gníomhaíochtaí oideachais, eolaíochta nó cultúir; páirteanna breise le haghaidh trealamh eolaíoch agus ábhar oideolaíoch ar tugadh cead isteach sealadach dóibh; uirlisí arna saindearadh chun trealamh den sórt sin a chothabháil, a sheiceáil, a thomhais nó a dheisiú;

(e) earraí pearsanta, rud a chiallaíonn gach earra, nua nó úsáidte, a theastóidh le réasún ó thaistealaí don úsáid phearsanta le linn an turais, agus imthosca uile an turais á gcur san áireamh, ach gan aon earraí arna n-allmhairiú chun críoch tráchtála a chur san áireamh; earraí arna n-allmhairiú chun críoch spóirt, amhail riachtanais spóirt agus earraí eile a d'úsáidfeadh taistealaithe i gcomórtais nó taispeántais spóirt nó le haghaidh oiliúna i gcríoch ina bhfuil cead isteach sealadach acu;

(f) ábhar poiblíochta turasóireachta, rud a chiallaíonn earraí arna n-allmhairiú chun an pobal a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar thír iasachta, go háirithe chun freastal ar chruinnithe nó taispeántais chultúrtha, reiligiúnacha, turasóireachta, spóirt nó ghairmiúla a reáchtáiltear ansin; féadfaidh gach Páirtí a cheangal go soláthrófar ráthaíocht nó éarlais i leith earraí den sórt sin;

(g) earraí arna n-allmhairiú chun críoch daonnúil, rud a chiallaíonn trealamh míochaine, máinliachta agus saotharlainne agus coinsíneachtaí fóirithinte, amhail feithiclí agus córacha eile iompair, pluideanna, pubaill, tithe réamhdhéanta nó earraí eile príomhriachtanais, arna gcur ar aghaidh mar chabhair chucu siúd a ndearna tubaiste nádúrtha agus tubaistí cosúla difear dóibh; agus

([12]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní bheidh cead isteach sealadach earraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus a thugtar isteach sa tSile ón Aontas Eorpach, faoi réir íocaíocht na táille a bhunaítear in Airteagal 107 d'Ordanás Custaim na Sile (*Ordenanza de Aduanas*) atá i bhForaithne 30 ón Aireacht Airgeadais, an Iris Oifigiúil, an 4 Meitheamh, 2005, (*Decreto con Fuerza de Ley 30 del Ministerio de Hacienda, Diario Oficial, 04 de junio de 2005*).

(h) ainmhithe arna n-allmhairiú chun críoch sonrach, amhail madraí nó capaill na bpóilíní, madraí brathadóireachta, madraí le haghaidh na ndall, madraí tarrthála, ainmhithe chun críocha rannpháirtíocht i seónna, taispeántais, comórtais, taispeántais, ainmhithe chun críocha siamsaíocht, amhail ainmhithe i gcomhar sorcais, camchuairteanna (lena n-áirítear peataí taistealaithe), an obair nó an t-iompar a fheidhmiú, nó chun críocha míochaine, amhail nimh nathair a sheachadadh.

3. Glacfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin ([13]), le cead isteach sealadach na n-earraí dá dtagraítear i mír 2 agus, gan beann ar a dtionscnamh, le *carnets* ATA arna n-eisiúint sa Pháirtí eile i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le cead isteach sealadach, arna dhéanamh in Iostanbúl an 26 Meitheamh 1990, arna bhformhuiniú sa Pháirtí eile agus arna ráthú ag comhlachas atá ina chuid den slabhra ráthaíochta idirnáisiúnta, arna ndeimhniú ag na húdaráis inniúla agus atá bailí i gcríoch chustaim an Pháirtí is allmhaireoir.

Airteagal 11.22

Earraí deisithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'deisiú' aon oibríocht phróiseála arna déanamh i ndáil le hearra chun locht oibriúcháin nó damáiste ábhartha a leigheas agus a bhfuil i gceist léi an t-earra a fhilleadh ar a fheidhm bhunaidh nó a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla maidir lena úsáid, i gcás inarb amhlaidh nach bhféadfaí, gan an phróiseáil sin, an t-earra a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh chun na gcríoch a bhí beartaithe dó. Áirítear le deisiú athchóiriú agus cothabháil, ach ní áirítear leis sin oibríocht ná próiseas:

(a) lena scriostar saintréithe bunúsacha aon earra, nó lena gcruthaítear earra atá nua nó atá difriúil ó thaobh tráchtála de;

(b) lena dtiontaítear earra neamhchríochnaithe ina earra críochnaithe; nó

(c) a úsáidtear chun feidhmíocht theicniúil earra a fheabhsú nó a uasghrádú.

2. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm ar earra, beag beann ar a thionscnamh, a thiocfaidh isteach arís i gcríoch chustaim an Pháirtí tar éis an t-earra sin a onnmhairiú go sealadach óna chríoch chustaim go dtí críoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.

3. Níl feidhm ag mír 2 maidir le hearra, a allmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna, a onnmhairítear lena dheisiú ansin agus nach n-athallmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna.

4. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, beag beann ar a thionscnamh, arna allmhairiú go sealadach ó chríoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.

Airteagal 11.23

Táillí agus foirmiúlachtaí

1. Na táillí agus na muirir eile a fhorchuirfidh Páirtí ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earra de chuid an Pháirtí eile, nó i ndáil leis sin, déanfar a méid a theorannú do neaschostas na seirbhísí a rinneadh, agus ní bheidh sa mhéid sin cosaint indíreach ar earraí intíre ná ar chánachas ar allmhairí nó onnmhairí chun críoch fioscach.

2. Ní thoibheoidh Páirtí táillí ná muirir eile ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earra de chuid an Pháirtí eile, nó i dtaca leis sin, ar bhonn *ad valorem*.

3. Ní fhéadfaidh gach Páirtí muirir a fhorchur ná costais a ghnóthú ach amháin i gcás ina dtugtar seirbhísí sonracha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) tinreamh foirne custaim, ar iarratas, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;

([13]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás na Sile, glacfar le *carnets* ATA mar a bunaíodh le Foraithne Uimh. 103 de 2004 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha (*Decreto N° 103 de 2004 del Ministerio de Relaciones Exteriores*), lena n-achtaítear an 'Coinbhinsiún maidir le Cead Isteach Sealadach' agus Iarscríbhinní A, B1, B2 agus B3 a ghabhann leis, agus na forchoimeádais a ghabhann leo curtha in iúl go cuí, agus na leasuithe orthu.

(b) anailísí nó tuarascálacha saineolaithe ar earraí agus táillí poist as earraí a chur ar ais chuig iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach nó le faisnéis a chur ar fáil a bhaineann le cur i bhfeidhm reachtaíochta custaim;

(c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críocha fíoraithe, nó díothú earraí, i gcás ina mbeidh costais i gceist seachas an costas a bhaineann le leas a bhaint as foireann custaim; nó

(d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh bearta den sórt sin riachtanach de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

4. Foilseoidh gach Páirtí go pras gach táille agus muirear a d'fhéadfadh sé a fhorchur i ndáil le hallmhairiú nó le honnmhairiú ar bhealach a chumasóidh do rialtais, do thrádálaithe agus do pháirtithe leasmhara eile eolas a chur orthu.

5. Ní beidh idirbhearta consalacha de dhíth ar Pháirtí, lena n-áirítear táillí agus muirir ghaolmhara, i ndáil le haon earra de chuid an Pháirtí eile a allmhairiú.

CAIBIDIL 12

IMRÉITIGH THRÁDÁLA

ROINN A

DLEACHTANNA FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITHCHÚITIMH

Airteagal 12.1

Forálacha ginearálta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoin gComhaontú Frithdhumpála agus faoi Chomhaontú SCM.

2. Chun críocha na Roinne seo, níl feidhm ag na rialacha tionscnaimh fabhracha faoi Chaibidil 10.

Airteagal 12.2

Trédhearcacht

1. Ba cheart imscrúduithe agus bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a úsáid i gcomhréir iomlán leis na ceanglais ábhartha EDT a leagtar amach sa Chomhaontú Frithdhumpála agus i gComhaontú SCM agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chóras cóir trédhearcach.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, a luaithe is indéanta tar éis aon fhorchur beart sealadach agus in aon chás sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach, go ndéanfar nochtadh iomlán ar na fíorais agus na breithnithe riachtanacha uile ar a mbunaíonn sé cinneadh chun bearta cinntitheacha a chur i bhfeidhm. Tá nochtadh den chineál sin gan dochar d'Airteagal 6.5 den Chomhaontú Frithdhumpála agus d'Airteagal 12.4 de Chomhaontú SCM. Nochtfaidh gach Páirtí na fíorais agus breithnithe fíor-riachtanacha sin i scríbhinn, agus tabharfaidh sé am leordhóthanach do pháirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach ina leith.

3. Ar choinníoll nach gcuirfidh sé moill gan ghá ar dhéanamh an imscrúdaithe, tabharfar do gach páirtí leasmhar in imscrúdú frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais deis iomlán chun a thuairimí a chur in iúl.

Airteagal 12.3

Leas an phobail a mheas

Cuirfidh gach Páirtí san áireamh staid a thionscail intíre, a allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, a úsáideoirí ionadaíocha agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí a mhéid a chuir siad faisnéis ábhartha ar fáil do na húdaráis imscrúdúcháin laistigh den tréimhse ábhartha. Féadfaidh Páirtí a chinneadh gan bearta frithdhumpála nó frithchúitimh a chur i bhfeidhm ar bhonn na faisnéise sin.

Airteagal 12.4

Riail na dleachta is lú

Má fhorchuireann Páirtí dleacht frithdhumpála ar earraí de chuid an Pháirtí eile, ní sháróidh méid na dleachta sin an corrlach dumpála. Aon uair is féidir, ba cheart an dleacht frithdhumpála a bheith níos lú ná an corrlach sin dá mba leor an dleacht níos lú sin chun deireadh a chur leis an díobháil don tionscal intíre.

Airteagal 12.5

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir leis an Roinn seo.

ROINN B

BEARTA COIMIRCE DOMHANDA

Airteagal 12.6

Forálacha ginearálta

Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu de bhun Airteagal XIX de GATT 1994, an Chomhaontaithe maidir le Bearta Cosanta agus Airteagal 5 den Chomhaontú maidir le Talmhaíocht.

Airteagal 12.7

Trédhearcacht agus forchur beart cinntitheach

1. D'ainneoin Airteagal 12.6, déanfaidh an Páirtí a thionscnaíonn imscrúdú coimirce domhanda nó a bheartaíonn bearta coimirce domhanda a chur i bhfeidhm fógra i scríbhinn a sholáthar láithreach, arna iarraidh sin don Pháirtí eile agus ar choinníoll go mbeidh leas substaintiúil ag an bPáirtí sin, ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile a thionscnófar imscrúdú coimirce domhanda nó a chuirfear i bhfeidhm bearta coimirce domhanda mar thoradh uirthi, lena n-áirítear i ndáil leis na torthaí sealadacha, más ábhartha. Tá an fógra sin gan dochar d'Airteagal 3(2) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta.

2. Agus bearta coimirce domhanda cinntitheacha á bhforchur ag gach Páirtí, féachfaidh sé leis na bearta sin a fhorchur ar bhealach a dhéanann an difear is lú don trádáil dhéthaobhach, ar choinníoll go bhfuil leas substaintiúil ag an bPáirtí a ndéanann na bearta difear dó mar a shainmhínítear i mír 4.

3. Chun críocha mhír 2, má mheasann Páirtí go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le bearta coimirce domhanda cinntitheacha a fhorchur, agus má bheartaíonn sé na bearta sin a chur i bhfeidhm, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile agus tabharfaidh sé an fhéidearthacht chun comhairliúcháin dhéthaobhacha a reáchtáil, ar choinníoll go bhfuil leas substaintiúil ag an bPáirtí eile mar a shainmhínítear i mír 4. Mura dtiocfar ar réiteach sásúil laistigh de 15 lá tar éis an fhógra, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta coimirce domhanda iomchuí a ghlacadh chun an fhadhb a leigheas.

4. Chun críocha an Airteagail seo, measfar go mbeidh leas substaintiúil ag Páirtí nuair atá sé ar cheann de chúig sholáthróir is mó an earra allmhairithe le linn na tréimhse 3 bliana is déanaí, arna thomhas i dtéarmaí dearbhthoirte nó dearbhluacha.

Airteagal 12.8

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir leis an Roinn seo.

ROINN C

BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

FOROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 12.9

Sainmhínithe

Chun críocha na Roinne seo:

(a) ciallaíonn 'tionscal intíre', i leith earra arna allmhairiú, táirgeoirí na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí díriomaíocha ina n-iomláine a oibríonn ar chríoch Páirtí, nó na táirgeoirí sin arb ionann comhtháirgeadh na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí díriomaíocha agus cuid mhór de tháirgeadh intíre iomlán na n-earraí sin;

(b) ciallaíonn 'idirthréimhse':

(i) tréimhse 7 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; nó

(ii) i gcás aon earra dá bhforáiltear sa sceideal in Iarscríbhinn 9 a bhaineann leis an bPáirtí a chuireann an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm le haghaidh tréimhse um dhíothú taraife de 7 mbliana, is é sin an tréimhse um dhíchur taraife don earra sin móide 2 bhliain.

Airteagal 12.10

Beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm

1. D'ainneoin Roinn B, más rud é, mar thoradh ar dhleacht chustaim faoin gCuid seo den Chomhaontú seo a laghdú nó a dhíothú, go bhfuil earra de thionscnamh Páirtí á allmhairiú isteach i gcríoch an Pháirtí eile i gcainníochtaí méadaithe, i ndearbhthéarmaí nó i gcoibhneas le táirgeadh intíre, agus faoi choinníollacha a mbeadh mórdhíobháil ann dá mbarr do na táirgeoirí intíre a tháirgeann earraí comhchosúla nó earraí díriomaíocha nó dá mbagrófaí a leithéid, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir bearta coimirce déthaobhacha iomchuí a dhéanamh faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Roinn seo.

2. Má chomhlíontar na coinníollacha i mír 1, ní fhéadfaidh an Páirtí is allmhaireoir ach ceann amháin de na bearta coimirce déthaobhacha seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) tuilleadh laghdaithe ar an ráta dleachta custaim ar an earra lena mbaineann a chur ar fionraí de réir mar a fhoráiltear sa Chuid seo den Chomhaontú; nó

(b) an ráta dleachta custaim ar an earra lena mbaineann a mhéadú go leibhéal nach mó ná an ráta is ísle díobh seo a leanas:

(i) ráta dleachta custaim an náisiúin barrfhabhair arna chur i bhfeidhm ar an earra ar ráta é atá i bhfeidhm an tráth a chuirtear an beart i bhfeidhm; nó

(ii) ráta dleachta custaim an náisiúin barrfhabhair arna chur i bhfeidhm ar ráta é atá i bhfeidhm an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 12.11

Caighdeáin maidir le beart coimirce déthaobhach

1. Ní chuirfear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm:

(a) ach amháin a mhéid, agus ar feadh cibé tréimhse, is gá chun mórdhíobháil don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun bagairt mórdhíobhála a chosc nó a leigheas;

(b) ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain; féadfar 2 bhliain eile a chur leis an tréimhse má chinneann údarás inniúil imscrúdúcháin an Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Roinn seo, go leantar de ghá a bheith leis an mbeart chun mórdhíobháil don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun bagairt mórdhíobhála a chosc nó a leigheas, ar choinníoll nach bhfuil tréimhse fhoriomlán chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, lena n-áirítear tréimhse an chur i bhfeidhm tosaigh agus aon síneadh a chuirtear leis sin, níos faide ná 4 bliana; nó

(c) tar éis dhul in éag na hidirthréimhse mar a shainmhínítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 12.9.

2. Nuair a scoirfidh Páirtí de bheart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, is é an ráta a bheadh i bhfeidhm don earra lena mbaineann roimhe sin an ráta dleachta custaim a bheidh ann, i gcomhréir lena sceideal in Iarscríbhinn 9.

3. Chun coigeartú ar an tionscal lena mbaineann a éascú i gcás inar faide fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh ná 1 bhliain amháin, déanfaidh an Páirtí a chuireann an beart i bhfeidhm é a léirscaoileadh de réir a chéile ag eatraimh thráthrialta le linn thréimhse an chur i bhfeidhm.

Airteagal 12.12

Bearta coimirce déthaobhacha sealadacha

1. In imthosca criticiúla, ina mbeadh moill ina cúis le díobháil a bheadh deacair a dheisiú, féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, gan ceanglais Airteagal 12.21(1) a chomhlíonadh, faoi réir réamhchinneadh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra de thionscnamh an Pháirtí eile mar thoradh ar laghdú nó ar dhíothú dleachta custaim faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, agus go bhfuil na hallmhairí sin ina gcúis le mórdhíobháil sa tionscal intíre nó go bhfuil bagairt mórdhíobhála ann mar thoradh orthu.

2. Ní sháróidh fad aon bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh 200 lá, agus le linn na tréimhse sin comhlíonfaidh an Páirtí a chuireann an beart i bhfeidhm na rialacha nós imeachta ábhartha a leagtar síos i bhForoinn 2. An Páirtí a chuireann an beart coimirce déthaobhach sealadach i bhfeidhm, aisíocfaidh sé aon mhéadú ar tharaifí go pras mura bhfaightear amach mar thoradh ar an imscrúdú a thuairiscítear i bhForoinn 2 gur comhlíonadh na coinníollacha Airteagal 12.10(1). Déanfar tréimhse an bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh a áireamh mar chuid den tréimhse a dtugtar tuairisc uirthi i bhfomhír (b) d'Airteagal 12.11(1).

3. Cuirfidh an Páirtí a chuireann an beart coimirce déthaobhach sealadach i bhfeidhm an Páirtí eile ar an eolas ar an mbeart sealadach sin a dhéanamh agus déanfaidh sé an t-ábhar a tharchur láithreach chuig an gComhchoiste lena iniúchadh má iarrann an Páirtí eile amhlaidh.

Airteagal 12.13

Cúiteamh agus fionraíocht lamháltas

1. Páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm, rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí a bhfuil a tháirgí faoi réir an bhirt chun comhaontú frithpháirteach a dhéanamh maidir le cúiteamh iomchuí léirscaoilte trádála i bhfoirm lamháltais a bhfuil na héifeachtaí trádála acu atá coibhéiseach cuid mhaith. An páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm, soláthróidh sé deis le haghaidh na gcomhairliúchán sin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh.

2. Mura dtagann comhaontú maidir le cúiteamh lena léirscaoiltear trádáil as na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 30 lá ó thús na gcomhairliúchán, féadfaidh an Páirtí a bhfuil a earraí faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh cur i bhfeidhm lamháltas atá coibhéiseach cuid mhaith a chur ar fionraí, ar lamháltais iad a bhfuil éifeachtaí acu ar thrádáil an Pháirtí eile.

3. Déanfaidh an Páirtí a bhfuil a earraí faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile 30 lá ar a laghad sula gcuirfidh sé lamháltais ar fionraí i gcomhréir le mír 2.

4. Maidir leis an oibleagáid cúiteamh a sholáthar de bhun mhír 1 agus an ceart cur i bhfeidhm lamháltas a chur ar fionraí de bhun mhír 2:

(a) ní dhéanfar iad a fheidhmiú don chéad 24 mhí a mbeidh beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm lena linn, ar choinníoll gur cuireadh an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm mar thoradh ar dearbhmhéadú ar allmhairí; agus

(b) tiocfaidh deireadh leo ar dháta foirceanta an bhirt coimirce dhéthaobhaigh.

Airteagal 12.14

Tréimhse idir dhá bheart coimirce déthaobhach agus cur i bhfeidhm neamh-chomhthreomhar na mbeart coimirce

1. Ní dhéanfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach dá dtagraítear sa Roinn seo a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earra a bhí faoi réir beart den sórt sin roimhe sin, mura rud é go bhfuil tréimhse imithe thart atá comhionann le leath na tréimhse inar cuireadh an beart coimirce i bhfeidhm lena linn don tréimhse díreach roimhe sin. Beart coimirce déthaobhach a cuireadh i bhfeidhm níos mó ná uair amháin, ní fhéadfar síneadh 2 bhliain eile a chur leis maidir leis an earra céanna mar dá bhforáiltear i bhfomhír (b) d'Airteagal 12.11(1).

2. Ní dhéanfaidh Páirtí, maidir leis an earra céanna agus le linn na tréimhse céanna, na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) beart coimirce déthaobhach nó beart coimirce déthaobhach sealadach faoin gCuid seo den Chomhaontú seo; agus

(b) beart coimirce domhanda de bhun Airteagal XIX de GATT 1994 agus faoin gComhaontú maidir le Bearta Cosanta.

Airteagal 12.15

Na réigiúin is forimeallaí ([14]) de chuid an Aontais Eorpaigh

1. I gcás ina bhfuil aon táirge de thionscnamh na Sile á allmhairiú isteach go díreach i gcríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas i gcainníochtaí méadaithe agus faoi choinníollacha a bheadh ina gcúis le meath tromchúiseach ar chás eacnamaíoch an réigiúin is forimeallaí lena mbaineann, nó dá mbagrófaí a leithéid, féadfaidh an Páirtí AE, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ar bhonn eisceachtúil atá teoranta do chríoch an réigiúin lena mbaineann.

2. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn 'meath tromchúiseach' deacrachtaí móra in earnáil den gheilleagar ina dtáirgtear earraí comhchosúla nó earraí díriomaíocha. Beidh an cinneadh maidir le meath tromchúiseach bunaithe ar thosca oibiachtúla, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) an dearbhmhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n-allmhairí i gcomparáid le táirgeacht intíre agus le hallmhairí ó fhoinsí eile; agus

(b) éifeacht na n-allmhairí dá dtagraítear i mír 1 ar staid an tionscail nó na hearnála eacnamaíche lena mbaineann, lena n-áirítear an éifeacht ar na leibhéil díolacháin, ar tháirgeacht, ar an staid airgeadais agus ar fhostaíocht.

3. Gan dochar do mhír 1, tá forálacha eile sa Roinn seo is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha infheidhme freisin maidir le haon bheart coimirce arna ghlacadh faoin Airteagal seo. Tuigfear gur 'meath tromchúiseach' é aon tagairt do 'mórdhíobháil' i bhforálacha eile den Roinn seo nuair a chuirtear i bhfeidhm í maidir leis na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach.

([14]) Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is iad seo a leanas na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach: Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Mayotte, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha. Tá feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le tír nó le críoch thar lear a athraíonn a stádas go réigiún is forimeallaí trí bhíthin cinneadh ón gComhairle Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 355(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin. I gcás ina scoirfidh réigiún is forimeallaí den Aontas Eorpach, tar éis an nós imeachta sin, de bheith ina réigiún forimeallach, scoirfidh an tAirteagal seo d'fheidhm a bheith aige maidir leis an tír sin nó leis an gcríoch thar lear amhail ó dháta an chinnidh ón gComhairle Eorpach ina leith sin. Tabharfaidh an Páirtí AE fógra don tSile faoi aon athrú maidir leis na críocha a mheastar gur na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach iad.

FOROINN 2

RIALACHA NÓS IMEACHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

Airteagal 12.16

An dlí is infheidhme

Chun bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm, comhlíonfaidh údarás inniúil imscrúdúcháin gach Páirtí forálacha na Foroinne seo. I gcásanna nach gcumhdaítear leis an bhForoinn seo, cuirfidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin na rialacha a bhunaítear faoi dhlí Pháirtí an údaráis sin i bhfeidhm.

Airteagal 12.17

Nós imeachta coimirce a thionscnamh

1. Féadfaidh údarás inniúil imscrúdúcháin Páirtí nós imeachta maidir le bearta coimirce déthaobhacha ('nós imeachta coimirce') a thionscnamh ar iarratas i scríbhinn a fháil ([15]) arna dhéanamh ag an tionscal intíre nó thar a cheann, nó in imthosca eisceachtúla, ar a thionscnamh féin.

2. Measfar gur iarratas ón tionscal intíre nó thar a cheann atá ann má thacaíonn táirgeoirí intíre leis arb ionann a n-aschur comhchoiteann agus níos mó na 50 % de tháirgeadh intíre iomlán na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí díriomaíocha arna dtáirgeadh ag an gcuid den tionscal intíre atá ag tacú leis an iarratas nó ag cur ina aghaidh. Ní thionscnóidh údarás inniúil imscrúduithe aon imscrúdú, áfach, i gcás inar lú na táirgeoirí intíre atá ag tacú leis an iarratas go sainráite ná 25 % de tháirgeadh intíre iomlán na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí díriomaíocha arna dtáirgeadh ag an tionscal intíre.

3. A luaithe a thionscnóidh údarás inniúil imscrúduithe an t-imscrúdú, déanfar an t-iarratas i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara, seachas aon fhaisnéis rúnda atá ann.

4. Ar nós imeachta coimirce a thionscnamh, foilseoidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin fógra maidir le tionscnamh an nós imeachta coimirce in iris oifigiúil an Pháirtí. Sainaithneofar na nithe seo a leanas san fhógra:

(a) an t-eintiteas a rinne an t-iarratas i scríbhinn, más infheidhme;

(b) an t-earra allmhairithe atá faoi réir an nós imirce coimirce;

(c) an fo-cheannteideal nó an uimhir míre taraife faoina n-aicmítear an t-earra allmhairithe;

(d) cineál an bhirt atá beartaithe atá le cur i bhfeidhm;

(e) an éisteacht phoiblí de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 12.20 nó an tréimhse inar féidir le páirtithe leasmhara iarraidh ar éisteacht a chur isteach de bhun fhomhír (b) d'Airteagal 12.20;

(f) an áit a bhféadfar scrúdú a dhéanamh ar an iarratas i scríbhinn agus ar aon dhoiciméad neamhrúnda eile a comhdaíodh le linn na himeachta; agus

(g) ainm, seoladh agus uimhir theileafóin na hoifige a ndéanfar teagmháil léi chun tuilleadh eolais a fháil.

5. Maidir le nós imeachta coimirce arna thionscnamh de bhun mhír 1 ar bhonn iarratas i scríbhinn, ní fhoilseoidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin an fógra tionscnaimh faoi mhír 4 gan measúnú cúramach a dhéanamh ar dtús an gcomhlíontar ceanglais a reachtaíochta intíre agus ceanglais mhíreanna 1 agus 2 leis an iarratas, agus go n-áirítear fianaise réasúnach ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra de thionscnamh an Pháirtí eile mar thoradh ar dhleacht chustaim a laghdú nó a dhíothú faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, agus go bhfuil na hallmhairí sin ina gcúis leis an mórdhíobháil líomhnaithe nó go mbagraítear a leithéid.

([15]) I gcás an Pháirtí AE, féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó an t-iarratas sin a dhéanamh thar ceann an tionscail intíre.

Airteagal 12.18

Imscrúdú

1. Ní chuirfidh Páirtí beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm ach amháin tar éis dá údarás inniúil imscrúdúcháin imscrúdú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus le fomhír (c) d'Airteagal 4(2) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta; chuige sin, déantar Airteagal 3(1) agus fomhír (c) d'Airteagal 4(2) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh, *mutatis mutandis*.

2. San imscrúdú dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh an Páirtí ceanglais fhomhír (a) d'Airteagal 4(2) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta. Chuige sin, déantar fomhír (a) d'Airteagal 4(2) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo di, *mutatis mutandis*.

3. I gcás ina dhéanann Páirtí fógra de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus d'Airteagal 3(1) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta lena gcuirtear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm nó lena gcuirtear síneadh le beart coimirce déthaobhach, beidh na nithe seo a leanas san fhógra sin:

(a) fianaise go bhfuil allmhairí méadaithe earra de thionscnamh Páirtí eile ina gcúis le mórdhíobháil, nó bagairt ina leith, mar thoradh ar dhleacht chustaim a laghdú nó a dhíothú faoin gCuid seo den Chomhaontú seo; léireofar leis an imscrúdú, ar bhonn fianaise oibiachtúil, go bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an mhórdhíobháil nó bagairt ina leith; déanfar imscrúdú ar fhachtóirí aitheanta seachas na hallmhairí méadaithe le háirithiú nach gcuirtear an mhórdhíobháil ná an bhagairt mórdhíobhála atá mar thoradh ar na fachtóirí sin i leith na n-allmhairí méadaithe.

(b) tuairisc bheacht ar an earra tionscnaimh atá faoi réir an bhirt coimirce déthaobhaigh, lena n-áirítear a cheannteideal nó a fho-cheannteideal faoi Chód CC ar a bhfuil na sceidil um dhíothú taraifí in Iarscríbhinn 9 bunaithe;

(c) tuairisc bheacht ar an mbeart coimirce déthaobhach;

(d) dáta thabhairt isteach an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, a fhad a bhfuil coinne leis agus, más infheidhme, tráthchlár um léirscaoileadh forchéimnitheach an bhirt i gcomhréir le hAirteagal 12.11(3); agus

(e) i gcás síneadh ar an mbeart coimirce déthaobhach, fianaise go bhfuil an tionscal intíre lena mbaineann á choigeartú.

4. Arna iarraidh sin do Pháirtí a bhfuil a earra faoi réir nós imeachta coimirce faoin Roinn seo, rachaidh an Páirtí atá i mbun an nós imeachta sin i gcomhairliúcháin leis an bPáirtí iarrthach chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhógra faoi mhír 1 nó ar aon fhógra poiblí nó tuarascáil a d'eisigh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin maidir leis an nós imeachta coimirce.

5. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údarás inniúil imscrúdúcháin aon imscrúdú den sórt sin a chur i gcrích de bhun an Airteagail seo laistigh de 12 mhí ón dáta a thionscnaimh.

Airteagal 12.19

Faisnéis rúnda

1. Aon fhaisnéis de chineál rúnda nó a sholáthraítear ar bhonn rúnda, is mar sin a phléifidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin léi má léirítear go bhfuil cúis mhaith leis sin. Ní nochtfar faisnéis den sórt sin gan cead sonrach ón bpáirtí leasmhar a chuireann isteach é.

2. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara a sholáthraíonn faisnéis rúnda achoimrí neamhrúnda di a chur ar fáil nó, má thugann na páirtithe sin le fios nach féidir an fhaisnéis sin a achoimriú, na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Beidh na hachoimrí sin mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a tíolacadh faoi rún a thuiscint. Má chinneann an t-údarás inniúil imscrúdúcháin nach bhfuil údar le hiarraidh ar rúndacht, áfach, agus má bhíonn drogall ar an bpáirtí lena mbaineann an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí nó a údarú go nochtfaí i bhfoirm ghinearálta nó achomair í, féadfaidh sé neamhaird a dhéanamh den fhaisnéis sin mura féidir a léiriú chun a shástachta ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Airteagal 12.20

Éisteachtaí

I gcaitheamh gach nós imeachta coimirce, déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin na nithe seo a leanas:

(a) éisteacht phoiblí a reáchtáil, tar éis fógra réasúnach a thabhairt, chun a cheadú do na páirtithe leasmhara uile agus d'aon chomhlachas ionadaíoch tomhaltóirí teacht i láthair go pearsanta nó ionadaíoch trí abhcóide chun fianaise a chur i láthair agus éisteacht a fháil maidir leis an mórdhíobháil líomhnaithe nó an bhagairt ina leith, chomh maith leis an leigheas iomchuí; nó

(b) deis a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile chun éisteacht a fháil má tá iarratas i scríbhinn curtha isteach acu laistigh den tréimhse a leagtar síos san fhógra tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 12.17(4), lena dtaispeántar gur dócha go ndéanfaidh toradh an imscrúdaithe difear dóibh agus go bhfuil cúiseanna speisialta ann go n-éistfí ó bhéal leo.

Airteagal 12.21

Fógraí, scrúdú sa Chomhchoiste agus foilseacháin

1. Má mheasann Páirtí gurb ann do cheann de na cásanna a leagtar amach in Airteagal 12.10(1) nó 12.15(1), déanfaidh sé an cheist a tharchur láithreach chuig an gComhchoiste lena scrúdú. Féadfaidh an Comhchoiste aon mholadh is gá a dhéanamh chun an imthosca atá tagtha chun cinn a leigheas. Mura ndéanfaidh an Comhchoiste aon mholadh dírithe ar an imthosca a leigheas, nó mura dtiocfar ar réiteach sásúil eile laistigh de 30 lá ón lá a dhéanann an Páirtí an cheist a tharchur chuig an gComhchoiste, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir an beart coimirce déthaobhach is iomchuí a ghlacadh chun na himthosca a leigheas i gcomhréir leis an Roinn seo.

2. Chun críocha mhír 1, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir an fhaisnéis ábhartha uile don Pháirtí is onnmhaireoir, lena n-áirítear fianaise ar mhórdhíobháil nó ar bhagairt ina leith ar tháirgeoirí intíre an earra chomhchosúil agus an earra dhíriomaíoch, atá mar thoradh ar allmhairí méadaithe, tuairisc bheacht ar an earra lena mbaineann agus ar an mbeart coimirce déthaobhach atá beartaithe, an dáta forchuir atá beartaithe agus fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh atá beartaithe.

3. An Páirtí a ghlacfaidh an nós imeachta coimirce déthaobhach, déanfaidh sé a thorthaí agus na conclúidí réasúnaithe ar ar tháinig sé maidir leis na saincheisteanna ábhartha uile a bhain le fíorais agus dlí a fhoilsiú in iris oifigiúil an Pháirtí sin, lena n-áirítear an tuairisc ar an earra allmhairithe agus an cás ba bhun leis na bearta a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 12.10(1) nó 12.15(1), an nasc cúisíoch idir an cás sin agus na hallmhairí méadaithe, agus foirm, leibhéal agus fad na mbeart.

Airteagal 12.22

Glacadh le doiciméid sa Bhéarla i nósanna imeachta coimirce

Chun cur isteach doiciméad i nósanna imeachta coimirce a éascú, glacfaidh údarás inniúil imscrúdúcháin an Pháirtí atá i gceannas ar an nós imeachta le doiciméid a chuirfidh na Páirtithe leasmhara isteach sa Bhéarla, ar choinníoll go gcuirfidh na Páirtithe sin aistriúchán ar na doiciméid isteach níos déanaí i dteanga an nós imeachta coimirce, laistigh den sprioc-am a leagfaidh an t-údarás inniúil síos.

CAIBIDIL 13

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

Airteagal 13.1

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Caibidle seo:

(a) sláinte daoine, ainmhithe agus plandaí a choimirciú i gcríocha na bPáirtithe agus trádáil ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirge plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta ('SPS') a éascú, idir na Páirtithe, trí na nithe seo a leanas:

(i) trédhearcacht, cumarsáid agus comhar maidir le bearta SPS idir na Páirtithe a fheabhsú;

(ii) sásraí agus nósanna imeachta a bhunú chun an trádáil a éascú; agus

(iii) prionsabail Chomhaontú SPS a chur chun feidhme a thuilleadh;

(b) oibriú i gcomhar i bhfóraim iltaobhacha agus maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus eolaíocht cosanta plandaí.

(c) oibriú i gcomhar maidir le hábhair sláintíochta agus fíteashláintíochta eile i bhfóraim eile.

Airteagal 13.2

Oibleagáidí iltaobhacha

Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi Chomhaontú EDT agus, go háirithe, faoi Chomhaontú SPS. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí sin mar bhonn taca ghníomhaíochtaí na bPáirtithe faoin gCaibidil seo.

Airteagal 13.3

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) bearta SPS uile mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS a mhéid a dhéanann siad difear don trádáil idir na Páirtithe;

(b) comhar i bhfóraim iltaobhacha a aithnítear faoi chuimsiú Chomhaontú SPS;

(c) comhar maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus eolaíocht cosanta plandaí; agus

(d) comhar maidir le haon ábhar sláintíochta agus fíteashláintíochta eile in aon fhóraim eile, mar a fhéadfaidh na Páirtithe a chomhaontú.

Airteagal 13.4

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 13-A go 13-H:

(a) tá feidhm ag na sainmhínithe in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS, chomh maith leo siúd i gcuid *Codex Alimentarius*, laistigh de chreat na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe agus an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Cosaint Plandaí, arna dhéanamh sa Róimh an 17 Samhain 1997; agus

(b) ciallaíonn 'crios faoi chosaint', i gcás lotnaid rialáilte ar leith, cuid gheografach atá sainithe go hoifigiúil de chríoch Pháirtí arb eol nach bhfuil an lotnaid sin bunaithe ann in ainneoin dálaí fabhracha agus a láithreachta i gcodanna eile de chríoch an Pháirtí sin.

Airteagal 13.5

Údaráis inniúla

1. Is iad údaráis inniúla na bPáirtithe na húdaráis atá freagrach as cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear sa Chaibidil seo, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-A.

2. I gcomhréir le hAirteagal 13.12, cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon athrú suntasach ar struchtúr, eagrú nó roinnt inniúlachtaí a n-údarás inniúil.

Airteagal 13.6

Aitheantas ar stádas i leith galair ainmnithe agus ionfhabhtuithe in ainmhithe, agus i leith lotnaidí

1. Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le stádas i leith galair ainmnithe agus ionfhabhtuithe in ainmhithe, lena n-áirítear zónóisí:

(a) aithneoidh an Páirtí is allmhaireoir sláinte ainmhithe an Pháirtí is onnmhaireoir nó a réigiún chun críocha trádála, mar a chinneann an Páirtí is allmhaireoir i gcomhréir le fomhír (a)(i) ó mhír 1 d'Iarscríbhinn 13-C, i leith na ngalar ainmhithe a shonraítear i bhFoscríbhinn 13-B-1;

(b) i gcás ina measfaidh Páirtí go bhfuil stádas speisialta ag a chríoch nó ag aon cheann dá réigiúin i leith galar ainmhithe sonrach seachas na galair ainmhithe a leagtar amach i bhFoscríbhinn 13-B-1, féadfaidh sé aitheantas ar an stádas sin a iarraidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 3 d'Iarscríbhinn 13-C; féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir ráthaíochtaí a éileamh maidir le hallmhairiú ainmhithe beo agus táirgí ó ainmhithe atá iomchuí i ndáil le stádas comhaontaithe an Pháirtí sin;

(c) aithníonn na Páirtithe gur bonn na trádála eatarthu é stádas na gcríoch nó na réigiún, nó stádas earnála nó fo-earnála de chuid na bPáirtithe, a bhaineann le leitheadúlacht nó le ráta tarlaithe galair ainmhithe seachas na galair ainmhithe a leagtar amach i bhFoscríbhinn 13-B-1, nó le leitheadúlacht nó le ráta tarlaithe ionfhabhtuithe in ainmhithe, nó an riosca a bhaineann leo, de réir mar is iomchuí, arna sainiú ag na heagraíochtaí a leagann síos caighdeáin idirnáisiúnta a aithnítear faoi chuimsiú Chomhaontú SPS; féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, de réir mar is iomchuí, ráthaíochtaí a iarraidh i leith allmhairiú ainmhithe beo agus táirgí ó ainmhithe atá iomchuí i ndáil le stádas sainithe an Pháirtí sin i gcomhréir le moltaí na n-eagraíochtaí a leagan síos caighdeáin; agus

(d) gan dochar d'Airteagail 13.9 agus 13.15, agus mura ndéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir agóid fhollasach agus faisnéis tacaíochta nó faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14, glacfaidh gach Páirtí, gan moill mhíchuí, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun trádáil a cheadú ar bhonn fhomhíreanna (a), (b) agus (c) den mhír seo.

2. Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le stádas i ndáil le lotnaidí:

(a) aithníonn na Páirtithe chun críocha trádála an stádas lotnaide i ndáil leis na lotnaidí a shonraítear i bhFoscríbhinn 13-B-2; agus

(b) gan dochar d'Airteagail 13.9 agus 13.15, agus mura ndéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir agóid fhollasach agus faisnéis tacaíochta nó faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14, déanfaidh gach Páirtí, gan moill mhíchuí, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun trádáil a cheadú ar bhonn fhomhír (a) den mhír seo.

Airteagal 13.7

Aitheantas ar chinntí réigiúnaithe i leith galair ainmnithe agus ionfhabhtuithe in ainmhithe, agus i leith lotnaidí

1. Aithníonn na Páirtithe coincheap an réigiúnaithe, agus beidh feidhm aige maidir leis an trádáil eatarthu.

2. Glacfar cinntí réigiúnaithe i ndáil le galair ainmhithe talún agus uisceacha a liostaítear i bhFoscríbhinn 13-B-1 agus le lotnaidí a liostaítear i bhFoscríbhinn13-B-2, i gcomhréir le hIarscríbhinn 13-C.

3. A mhéid a bhaineann le galair ainmhithe, agus i gcomhréir le hAirteagal 13.14, tabharfaidh an Páirtí is onnmhaireoir a bhfuil aitheantas ar chinneadh réigiúnaithe á lorg aige ón bPáirtí is allmhaireoir fógra faoina bhearta lena mbunaítear réigiúnú le míniú iomlán agus le sonraí tacaíochta dá shocruithe agus dá chinntí.

4. Gan dochar d'Airteagal 13.15, agus mura ndéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir agóid fhollasach agus faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14 laistigh de 15 lá oibre ón gcinneadh réigiúnaithe a fháil, measfaidh na Páirtithe gur glacadh leis an gcinneadh sin.

5. Is i gcomhréir le hAirteagal 13.14(2) a dhéanfar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar an bhfaisnéis bhreise laistigh de 15 lá tar éis dó an fhaisnéis bhreise a fháil. Déanfar an fíorú dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 13.11 agus laistigh de 25 lá oibre ón iarraidh ar fhíorú a fháil.

6. A mhéid a bhaineann le lotnaidí, áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an stádas lotnaide atá aitheanta ag an bPáirtí eile san áireamh leis an trádáil i bplandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile. An Páirtí is onnmhaireoir a bhfuil aitheantas á lorg aige ar chinneadh réigiúnaithe ón bPáirtí eile, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina bhearta agus a chinntí, faoi threoir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta de chuid Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ('FAO'), lena n-áirítear 4 'Ceanglais maidir le limistéir atá saor ó lotnaidí a bhunú', 8 'Stádas lotnaidí a chinneadh i limistéar'. Gan dochar d'Airteagal 13.15, agus mura ndéanfaidh Páirtí agóid fhollasach agus faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14 laistigh de 3 mhí ón gcinneadh réigiúnaithe a fháil, measfaidh na Páirtithe gur glacadh leis an gcinneadh sin.

7. Is i gcomhréir leis na hAirteagal 13.14(2) a dhéanfar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar aon fhaisnéis bhreise laistigh de 3 mhí ón bhfaisnéis bhreise den sórt sin a fháil. Déanfaidh gach Páirtí an fíorú dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 13.11 agus déanfar é laistigh de 12 mhí ón iarraidh ar fhíorú a fháil, agus bitheolaíocht na lotnaide agus an bhairr lena mbaineann á gcur san áireamh.

8. Tar éis na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 go 7 den Airteagal seo a chur i gcrích, agus gan dochar d'Airteagal 13.15, déanfaidh gach Páirtí, gan moill mhíchuí, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun trádáil a cheadú ar an mbonn sin.

Airteagal 13.8

Coibhéis a aithint

1. Féadfaidh na Páirtithe coibhéis a aithint i ndáil le beart aonair, le grúpa beart nó le córas is infheidhme maidir le hearnáil nó maidir le fo-earnáil.

2. Chun críocha an aitheantais ar choibhéis, leanfaidh na Páirtithe an próiseas comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3. Áireofar sa phróiseas sin léiriú oibiachtúil coibhéise ag an bPáirtí is onnmhaireoir agus measúnú oibiachtúil ar an léiriú sin ag an bPáirtí is allmhaireoir d'fhonn go bhféadfadh an Páirtí is allmhaireoir an choibhéis a aithint.

3. Laistigh de 3 mhí tar éis don Pháirtí is allmhaireoir iarraidh a fháil ón bPáirtí is onnmhaireoir ar aitheantas ar choibhéis maidir le beart amháin nó níos mó lena ndéantar difear d'earnáil amháin nó d'fho-earnáil amháin nó níos mó, féadfaidh na Páirtithe próiseas comhairliúcháin a thionscnamh, lena n-áireofar na céimeanna a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-E. I gcás iarrataí líonmhara ón bPáirtí is onnmhaireoir, comhaontóidh na Páirtithe laistigh den Fhochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16, arna iarraidh sin don Pháirtí is allmhaireoir, maidir le sceideal ama ar i gcomhréir leis a thionscnóidh an próiseas dá dtagraítear sa mhír seo.

4. Mura gcomhaontófar a mhalairt, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an measúnú ar choibhéis i gcrích, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-E, tráth nach déanaí ná 180 lá tar éis dó an léiriú coibhéise mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a fháil ón bPáirtí is onnmhaireoir. Mar eisceacht i gcás barra séasúracha, tá bonn cirt leis an measúnú ar choibhéis a chur i gcrích tráth níos déanaí, más gá ionas gur féidir bearta fíteashláintíochta a fhíorú le linn tréimhse oiriúnach fáis bairr.

5. Na príomhearnálacha nó fo-earnálacha gach Páirtí a bhféadfar próiseas comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a thosú ina leith, leagfar amach iad, i gcás inarb iomchuí in ord tosaíochta, i bhFoscríbhinn 13-E-1. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh go leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach an liosta sin, lena n-áirítear an t-ord tosaíochta.

6. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir aitheantas ar choibhéis a tharraingt siar nó a chur ar fionraí ar bhonn leasú ó cheann de na Páirtithe ar bhearta lena ndéantar difear don choibhéis lena mbaineann, ar choinníoll go leanfar na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 13.13, cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir an Páirtí is allmhaireoir ar an eolas faoi aon leasú atá beartaithe ar bheart de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir a aithnítear coibhéis ina leith agus faoin éifeacht is dócha a bheidh ag an leasú atá beartaithe ar an gcoibhéis sin; laistigh de 30 lá oibre tar éis don Pháirtí is allmhaireoir an fhaisnéis sin a fháil, cuirfidh sé in iúl don Pháirtí is onnmhaireoir cé acu an leanfaí den choibhéis sin a aithint ar bhonn an leasaithe atá beartaithe; agus

(b) i gcomhréir le hAirteagal 13.13, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoi aon leasú atá beartaithe ar bheart de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir ar a bunaíodh aitheantas ar choibhéis agus faoin éifeacht is dócha a bheidh ag an leasú atá beartaithe ar an aitheantas ar an gcoibhéis sin; mura leanfaidh an Páirtí is allmhaireoir

den choibhéis sin a aithint, féadfaidh na Páirtithe na coinníollacha maidir leis an bpróiseas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a thionscnamh an athuair a bhunú go comhpháirteach ar bhonn an leasaithe atá beartaithe.

7. Gan dochar d'Airteagal 13.15, ní dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir aitheantas ar choibhéis a tharraingt siar ná a chur ar fionraí sula dtiocfaidh an leasú atá beartaithe ó cheachtar Páirtí i bhfeidhm.

8. Maidir le aitheantas ar choibhéis a aithint, nó a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, is ar an bPáirtí is allmhaireoir amháin atá sé agus é ag gníomhú i gcomhréir lena chreat riaracháin agus reachtach féin lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus earraí eile, cumarsáid iomchuí i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta FAO maidir le Bearta Fíteashláintíochta 13 'Treoirlínte maidir le fógra a thabhairt faoi neamhchomhlíonadh agus gníomhaíocht éigeandála' agus caighdeán idirnáisiúnta eile maidir le bearta fíteashláintíochta, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir míniú iomlán i scríbhinn agus na sonraí tacaíochta maidir leis na socruithe agus na cinntí a chumhdaítear leis an Airteagal seo a sholáthar don Pháirtí is onnmhaireoir. I gcás neamhaitheantais ar choibhéis , nó i gcás go ndéantar aitheantas ar choibhéis a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoi na coinníollacha maidir le haththionscnamh an phróisis dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 13.9

Trédhearcacht agus coinníollacha trádála

1. Cuirfidh na Páirtithe coinníollacha ginearálta trádála i bhfeidhm. Gan dochar do na cinntí a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 13.7, beidh feidhm ag coinníollacha allmhairiúcháin an Pháirtí is allmhaireoir maidir le críoch an Pháirtí is onnmhaireoir. I gcomhréir le hAirteagal 13.13, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas maidir lena gceanglais allmhairiúcháin SPS. Áireofar san fhaisnéis sin, de réir mar is iomchuí, na samhlacha d'aon deimhniú nó fianú oifigiúla a éileoidh an Páirtí is allmhaireoir.

2. Chun fógra a thabhairt faoi leasuithe nó leasuithe atá beartaithe ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, comhlíonfaidh gach Páirtí Airteagal 7 de Chomhaontú SPS, agus Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus cinntí a ghlacfaidh Comhairle EDT Coiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ina dhiaidh sin. Gan dochar d'Airteagal 13.15, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an t-am iompair idir críocha na bPáirtithe san áireamh agus dáta theacht i bhfeidhm aon leasuithe ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á shuíomh aige.

3. I gcás nach gcomhlíonann an Páirtí is allmhaireoir na ceanglais maidir le fógra a thabhairt dá dtagraítear i mír 2, leanfaidh, ar feadh 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe lena mbaineann, de ghlacadh le haon deimhniú oifigiúil nó fianú lena ráthaítear na coinníollacha allmhairiúcháin is infheidhme roimh an leasú sin.

4. Nuair a thabharfaidh an tSile rochtain ar an margadh d'earnáil nó d'fho-earnáil amháin nó níos mó de Pháirtí AE i gcomhréir leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, formheasfaidh an tSile aon iarrataí ar onnmhairiú a chuirfidh na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin ar bhonn sainchomhad cuimsitheach faisnéise atá ar fáil don Choimisiún Eorpach, ar a dtugtar próifíl na Tíre, mura n-iarrfaidh an tSile faisnéis bhreise in imthosca sonracha teoranta nuair a mheastar gurb iomchuí sin.

5. Laistigh de 90 lá tar éis coibhéis a aithint i gcomhréir le hAirteagal 13.8, déanfaidh Páirtí na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun an aitheantas sin ar choibhéis a chur chun feidhme chun trádáil a cheadú idir na Páirtithe in earnálacha agus fo-earnálacha ina n-aithníonn an Páirtí is allmhaireoir go bhfuil gach beart SPS de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir coibhéiseach. I gcás na n-ainmhithe, na dtáirgí ainmhithe, na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na dtáirgí eile a chumhdaítear leis na bearta SPS lena mbaineann, féadfar deimhniú dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 13-H a chur in ionad shamhail an deimhnithe oifigiúil nó an doiciméid oifigiúil a éilíonn an Páirtí is allmhaireoir.

6. I gcás na dtáirgí dá dtagraítear i mír 5 in earnálacha nó i bhfo-earnálacha a n-aithnítear go bhfuil beart amháin nó roinnt beart (ach ní gach beart) coibhéiseach, leanfaidh na Páirtithe den trádáil eatarthu ar bhonn na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, beidh feidhm ag mír 7.

7. Chun críocha na Caibidle seo, ní chuirfidh an Páirtí is allmhaireoir allmhairí táirgí an Pháirtí eile faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin.

8. A mhéid a bhaineann le coinníollacha ginearálta allmhairiúcháin lena ndéantar difear do na Páirtithe, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin i gcomhréir le hAirteagail 13.14, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, chun coinníollacha allmhairiúcháin malartacha nó breise de chuid an Pháirtí is allmhaireoir a bhunú. Déanfaidh na Páirtithe sin, más iomchuí, na coinníollacha allmhairiúcháin malartacha nó breise sin a bhunú ar bhearta an Pháirtí is onnmhaireoir

a aithníonn an Páirtí is allmhaireoir a bheith coibhéiseach. Má chomhaontaíonn na Páirtithe ar choinníollacha allmhairiúcháin malartacha nó breise, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir, laistigh de 90 lá tar éis a mbunaithe, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun allmhairiú a cheadú ar an mbonn sin.

9. A mhéid a bhaineann le hallmhairí ainmhithe, táirgí ainmhithe, táirge de thionscnamh ainmhíoch agus seachtháirge ainmhithe, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir agus na ráthaíochtaí iomchuí ag gabháil leis an iarraidh, bunaíochtaí atá suite ar chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir a fhormheas, gan réamhchigireacht, agus i gcomhréir le hIarscríbhinn 13-D. Mura n-iarrfaidh an Páirtí is onnmhaireoir faisnéis bhreise, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir, laistigh de 30 lá ón iarraidh ar fhormheas a fháil agus na ráthaíochtaí iomchuí ag gabháil léi, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun allmhairiú a cheadú ar an mbonn sin.

10. Déanfaidh Páirtí liosta tosaigh na mbunaíochtaí a fhormheas i gcomhréir le hIarscríbhinn 13-D.

11. Arna iarraidh sin do Pháirtí amháin, déanfaidh an Páirtí eile míniú iomlán agus na sonraí tacaíochta le haghaidh na socruithe agus na gcinntí a chumhdaítear leis an Airteagal seo a sholáthar.

Airteagal 13.10

Nósanna imeachta deimhniúcháin

1. Chun críocha nósanna imeachta deimhniúcháin, comhlíonfaidh na Páirtithe na prionsabail agus na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-H.

2. Eiseoidh Páirtí na deimhnithe nó na doiciméid oifigiúla dá dtagraítear i míreanna 1, 5 agus 6 d'Airteagal 13.9 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-H.

3. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh go nglacfaidh an Comhchoiste nó an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh lena mbunófar rialacha a leanfar i gcás deimhniú leictreonach, nó deimhnithe a tharraingt siar nó a athsholáthar.

Airteagal 13.11

Fíorú

1. Chun críocha chur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo, beidh na cearta seo a leanas ag gach Páirtí:

(a) i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-F, clár rialaithe iomlán údaráis inniúla an Pháirtí eile, nó cuid den chlár sin, a fhíorú; is é an Páirtí a dhéanfaidh an fíorú a íocfaidh costais an fhíoraithe sin;

(b) ó dháta a bheidh le cinneadh ag na Páirtithe ar aghaidh, clár rialaithe iomlán an Pháirtí eile nó chuid den chlár sin agus tuarascáil maidir le torthaí na rialuithe a rinneadh faoin gclár sin a iarraidh ar an bPáirtí eile; agus

(c) i gcás tástálacha saotharlainne a bhaineann le táirgí de thionscnamh ainmhíoch, rannpháirtíocht an Pháirtí eile sa chlár tástála idirchomparáideach tréimhsiúil le haghaidh tástálacha sonracha arna n-eagrú ag saotharlann tagartha an Pháirtí iarrthaigh a iarraidh; is é an Páirtí rannpháirteach a íocfaidh na costais a bhaineann leis an rannpháirtíocht sin.

2. Féadfaidh gach Páirtí torthaí agus conclúidí a fhíoruithe a chomhroinnt le tríú tíortha agus iad a chur ar fáil go poiblí.

3. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh go leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 13-F, agus aird chuí á tabhairt ar an obair ábhartha a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta.

4. Féadfaidh torthaí na bhfíoruithe dá dtagraítear san Airteagal seo rannchuidiú le bearta de chuid Páirtí nó na bPáirtithe dá dtagraítear in Airteagail 13.6 go 13.9 agus 13.12.

Airteagal 13.12

Seiceálacha allmhairiúcháin agus táillí iniúchta

1. Leis na seiceálacha allmhairiúcháin a dhéanann an Páirtí is allmhaireoir ar choinsíneachtaí ón bPáirtí is onnmhaireoir, urramófar na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-G. Féadfar rannchuidiú leis an bpróiseas fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.11 le torthaí na seiceálacha sin.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn 13-G rátaí minicíochta na seiceálacha allmhairiúcháin fisiceacha a chuireann gach Páirtí i bhfeidhm. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 13-G a leasú.

3. Féadfaidh Páirtí imeacht ó na rátaí minicíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-G, laistigh dá inniúlachtaí agus i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, mar thoradh ar dhul chun cinn a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 13.8 agus 13.9, nó mar thoradh ar fhíoruithe, comhairliúcháin nó bearta eile dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.

4. Ní rachaidh táillí cigireachta thar na costais a thabhóidh an t-údaráis inniúil as seiceálacha allmhairiúcháin a dhéanamh agus beidh siad cothromasach i ndáil le táillí a ghearrfar chun cigireacht a dhéanamh ar tháirgí intíre comhchosúla.

5. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoi aon leasú, lena n-áirítear na cúiseanna atá leis an leasú sin, ar na bearta lena ndéantar difear do sheiceálacha allmhairiúcháin agus táillí cigireachta agus faoi aon athrú suntasach ar an nós imeachta riaracháin maidir leis na seiceálacha sin.

6. I gcás táirgí dá dtagraítear in Airteagal 13.9(5), féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú minicíocht na seiceálacha allmhairiúcháin fisiceacha a laghdú go cómhalartach.

7. Féadfaidh an Fochoiste na coinníollacha maidir le formheas seiceálacha allmhairiúcháin gach Páirtí a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach d'fhonn a minicíocht a oiriúnú nó seiceálacha eile a chur ina n-ionad, le bheith infheidhme ó dháta áirithe ar aghaidh. Áireofar na coinníollacha sin in Iarscríbhinn 13-G le cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach. Ón dáta sin ar aghaidh, féadfaidh na Páirtithe seiceálacha allmhairiúcháin a chéile a fhormheas le haghaidh táirgí áirithe d'fhonn a minicíocht a laghdú nó seiceálacha nua a chur ina n-ionad.

Airteagal 13.13

Malartú faisnéise

1. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis is ábhartha maidir le cur chun feidhme na Caibidle seo a mhalartú ar bhonn córasach d'fhonn caighdeáin a fhorbairt, dearbhú a thabhairt, muinín fhrithpháirteach a spreagadh agus éifeachtacht na gclár arna rialú a léiriú. Más iomchuí, áireofar malartú oifigeach i malartú na faisnéise.

2. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú ar ábhair ábhartha eile, lena n-áirítear:

(a) teagmhais mhóra a bhaineann le táirgí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear malartú faisnéise dá bhforáiltear in Airteagail 13.8 agus 13.9;

(b) torthaí na nósanna imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 13.11;

(c) torthaí na seiceálacha allmhairiúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 13.12 i gcás coinsíneachtaí diúltaithe nó neamhchomhlíontacha d'ainmhithe nó de tháirgí ainmhithe;

(d) tuairimí eolaíocha atá ábhartha maidir leis an gCaibidil seo agus a chuirtear ar fáil faoi fhreagracht Pháirtí; agus

(e) mear-rabhaidh atá ábhartha maidir le trádáil faoi raon feidhme na Caibidle seo.

3. Déanfaidh Páirtí páipéir eolaíochta nó sonraí eolaíochta a chur faoi bhráid an fhóraim eolaíochta ábhartha chun bunús a thabhairt le haon tuairim nó maíomh a dhéantar i leith ábhar a eascraíonn as an gCaibidil seo chun meastóireacht a dhéanamh orthu go tráthúil. Cuirfear torthaí na meastóireachta sin ar fáil do na Páirtithe.

4. Nuair a dhéanfaidh Páirtí an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a chur ar fáil trí fhógra a thabhairt do EDT i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chomhaontú SPS, agus Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú sin, nó ar a shuíomh gréasáin oifigiúil, ar a bhfuil rochtain ag an bpobal agus atá saor ó tháillí, measfar an fhaisnéis dá bhforáiltear san Airteagal seo a bheith malartaithe.

5. I gcás lotnaidí atá ina gcontúirt aitheanta agus láithreach do Pháirtí, déanfar cumarsáid dhíreach chuig an bPáirtí sin tríd an bpost nó trí ríomhphost. Leanfaidh na Páirtithe an treoir arna soláthar ag Beart 17 de Chaighdeán Idirnáisiúnta FAO maidir le Bearta Físeashláintíochta 'Tuairisciú lotnaidí'.

6. Déanfaidh na Páirtithe an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a mhalartú trí ríomhphost, trí fhacs nó tríd an bpost.

Airteagal 13.14

Fógra agus comhairliúchán

1. Laistigh de 2 lá ó aon riosca tromchúiseach nó suntasach do shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, lena n-áirítear éigeandálaí rialaithe bia nó cásanna ina bhfuil riosca atá sainaitheanta go soiléir go mbeidh éifeachtaí tromchúiseacha sláinte ann a bhaineann le táirgí ainmhithe nó táirgí plandaí a chaitheamh, tabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile faoin riosca sin agus go háirithe faoi na nithe seo a leanas:

(a) bearta lena ndéantar difear do chinntí réigiúnaithe dá dtagraítear in Airteagail 13.7;

(b) láithreacht nó éabhlóid galair ainmhithe nó lotnaide a liostaítear in Iarscríbhinn 13-B;

(c) torthaí lena mbaineann tábhacht eipidéimeolaíoch nó rioscaí tábhachtacha gaolmhara i ndáil le galair ainmhithe agus lotnaidí nach liostaítear in Iarscríbhinn 13-B, nó maidir le galair ainmhithe nó lotnaidí ar galair ainmhithe nó lotnaidí nua iad; agus

(d) aon bheart breise thar bhuncheanglais a mbeart faoi seach a rinneadh chun galair ainmhithe nó lotnaidí a rialú nó a dhíothú nó chun an tsláinte phoiblí a chosaint, agus aon athruithe ar bheartais choisctheacha, lena n-áirítear beartais vacsaínithe.

2. I gcás ina mbeidh imní tromchúiseach ar Pháirtí maidir le riosca do shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, féadfaidh an Páirtí sin comhairliúcháin a iarraidh ar an bPáirtí eile maidir leis an gcás. Cuirfear na comhairliúcháin sin ar siúl a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 13 lá oibre tar éis dháta na hiarrata. Sna comhairliúcháin sin, féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar chun cur isteach ar an trádáil a sheachaint, agus chun teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach agus a bheidh comhsheasmhach le cosaint shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí.

3. Féadfaidh Páirtí a iarraidh gur trí fhíschomhdháil nó trí fhíschomhdháil a thionólfar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Ullmhóidh an Páirtí iarrthach miontuairiscí na gcomhairliúchán, a bheidh faoi réir fhormheas na bPáirtithe. Chun críocha an fhormheasa sin, tá feidhm ag Airteagal 13.13(6).

Airteagal 13.15

Clásal coimirce

1. Má dhéanann an Páirtí is onnmhaireoir bearta intíre chun cúis a rialú ar dócha a bheidh ina riosca tromchúiseach do bheatha agus do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, déanfaidh an Páirtí sin, gan dochar do mhír 2, bearta coibhéiseacha chun cosc a chur ar an riosca a thabhairt isteach i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir.

2. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta sealadacha is gá a ghlacadh, ar fhorais riosca thromchúisigh do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, chun sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint. I gcás coinsíneachtaí a bheidh á n-iompar idir na Páirtithe nuair a bheidh feidhm ag na bearta sealadacha sin, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir an réiteach is oiriúnaí agus is comhréirí a mheas chun cur isteach neamhriachtanach ar an trádáil a sheachaint.

3. An Páirtí a dhéanfaidh bearta dá dtagraítear san Airteagal seo, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas faoi sin laistigh de lá oibre amháin ón gcinneadh maidir leis na bearta sin a chur chun feidhme. Arna iarraidh sin do Pháirtí agus i gcomhréir le hAirteagal 13.14(2), cuirfidh na Páirtithe comhairliúcháin ar siúl maidir leis an seasamh laistigh de 13 lá oibre ón bhfógra. Ba cheart do na Páirtithe aird chuí ar aon fhaisnéis a chuirfear ar fáil le linn na gcomhairliúchán sin agus féachfaidh siad le cur isteach neamhriachtanach ar an trádáil a sheachaint, agus torthaí na gcomhairliúchán faoi Airteagal 13.14(2) á gcur san áireamh, más infheidhme.

Airteagal 13.16

An Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta

1. Beidh an Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe atá freagrach as saincheisteanna SPS.

2. Déanfaidh an Fochoiste:

(a) faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo, agus breithneoidh sé ar aon ábhar a bhaineann leis an gCaibidil seo, agus scrúdú a dhéanamh ar gach ábhar a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil lena cur chun feidhme; agus

(b) moltaí don Chomhairle Chomhpháirteach maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5 (1), go háirithe i bhfianaise an dul chun chinn a bheidh déanta faoi na comhairliúcháin agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.

3. Tiocfaidh an Fochoiste ar chomhaontú maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach. Bunóidh an Fochoiste cuspóirí agus clocha míle le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin. Déanfaidh an Fochoiste meastóireacht ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

4. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach nó don Chomhchoiste, de bhun Airteagal 40.3 (3), meithleacha teicniúla a bhunú, mar is iomchuí, ar a mbeidh ionadaithe ar leibhéal na saineolaithe ó gach Páirtí, a dhéanfaidh saincheisteanna teicniúla agus eolaíocha a eascraíonn as cur i bhfeidhm na Caibidle seo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

5. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach nó don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh maidir le rialacha sonracha agus nósanna imeachta sonracha le haghaidh an Fhochoiste sin i bhfianaise shainiúlacht ábhair SPS.

Airteagal 13.17

Comhar i bhfóraim iltaobhacha

1. Cuirfidh na Páirtithe an comhar chun cinn i bhfóraim iltaobhacha atá ábhartha do chúrsaí SPS, go háirithe in eagraíochtaí idirnáisiúnta a leagann síos caighdeáin a aithnítear faoi chuimsiú Chomhaontú SPS.

2. Is é an Fochoiste arna bhunú in Airteagal 13.16 an fóram ábhartha chun faisnéis a mhalartú agus chun comhoibriú a dhéanamh maidir leis na hábhair a chumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 13.18

Comhar maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus eolaíocht cosanta plandaí

1. Féachfaidh na Páirtithe le comhar eolaíochta a éascú idir comhlachtaí de chuid na bPáirtithe atá freagrach as meastóireacht a dhéanamh i réimsí na sábháilteachta bia, na sláinte ainmhithe agus na cosanta plandaí.

2. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste, de bhun Airteagal 40.3(3), meitheal theicniúil um chomhar eolaíoch dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhunú ('an mheitheal'), ina mbeidh ionadaithe ar leibhéal na saineolaithe ó na comhlachtaí eolaíoch dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, arna gceapadh ag gach Páirtí.

3. An Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste a bhunóidh an mheitheal, déanfaidh siad sainordú, raon feidhme agus clár oibre na meithle sin a shainiú.

4. Féadfaidh an mheitheal faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) Faisnéis eolaíoch agus theicniúil; agus

(b) bailiú sonraí.

5. Leis an obair a dhéanfaidh an mheitheal, ní dhéanfar difear do neamhspleáchas ghníomhaireachtaí náisiúnta nó réigiúnacha gach Páirtí.

6. Áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfar difear do na hionadaithe a cheapfar de bhun mhír 2 le coinbhleachtaí leasa faoi dhlí an Pháirtí sin.

Airteagal 13.19

Cur i bhfeidhm críochach i gcás an Pháirtí AE

1. De mhaolú ar Airteagal 41.2, i gcás an Pháirtí AE tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le críocha na mBallstát mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]), agus a mhéid a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus earraí eile, mar a leagtar síos in Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]).

2. Tuigeann na Páirtithe, a mhéid a bhaineann le críoch an Aontais Eorpaigh, go gcuirfear a sainiúlacht san áireamh agus go n-aithneofar an tAontas Eorpach mar eintiteas aonair.

CAIBIDIL 14

COMHAR MAIDIR LE CÓRAIS BIA INBHUANAITHE

Airteagal 14.1

Cuspóir

Is é cuspóir na Caibidle seo dlúthchomhar idir na Páirtithe a bhunú chun páirt ghlacadh san aistriú i dtreo inbhuanaitheacht a gcóras bia féin. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí is atá beartais a neartú agus cláir a shainiú a chuireann le córais bhia inbhuanaithe, chuimsitheacha, shláintiúla agus athléimneacha a fhorbairt agus a thábhachtaí is atá ról na trádála chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Airteagal 14.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an gcomhar idir na Páirtithe chun inbhuanaitheacht a gcuid córas bia féin a fheabhsú.

2. Leagtar amach sa Chaibidil seo forálacha le haghaidh comhair maidir le gnéithe sonracha de chórais bhia inbhuanaithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) inbhuanaitheacht an bhiashlabhra agus caillteanas agus cur amú bia a laghdú;

(b) an comhrac i gcoinne na calaoise sa bhiashlabhra;

(c) leas ainmhithe;

(d) an comhrac i gcoinne fhrithsheasmhacht na bhfrithmhiocróbach; agus

([16]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO AE L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([17]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

(e) laghdú a chur ar úsáid leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha a bhfuil sé léirithe i measúnú riosca go bhfuil siad ina gcúis le rioscaí do-ghlactha don shláinte nó don chomhshaol.

3. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le comhar na bPáirtithe i bhfóraim iltaobhacha.

4. Tá feidhm ag an gCaibidil gan dochar do chur i bhfeidhm Caibidlí eile a bhaineann le córais bhia nó le hinbhuanaitheacht, go háirithe Caibidlí 13, 16 agus 33.

Airteagal 14.3

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'biashlabhra' na céimeanna uile ón táirgeadh príomhúil go dtí díol leis an tomhaltóir deiridh, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, monaraíocht, iompar, allmhairiú, stóráil, dáileadh agus díol leis an tomhaltóir deiridh;

(b) ciallaíonn 'táirgeadh príomhúil' táirgeadh, tógáil nó fás táirgí príomhúla, lena n-airítear saothrú, buaint, bleán, agus táirgeadh ainmhithe feirme roimh mharú, chomh maith le fiach agus iascaireacht agus saothrú agus buaint táirgí fiáine; agus

(c) ciallaíonn 'córas bia inbhuanaithe' córas bia lena soláthraítear bia slándáil, cothaitheach agus leordhóthanach do chách gan na boinn eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil is gá chun slándáil bia agus cothú a ghiniúint do na glúnta atá le teacht a chur i mbaol; baineann na nithe seo a leanas le córas bia inbhuanaithe den chineál sin:

(i) tá sé brabúsach (inbhuanaitheacht eacnamaíoch);

(ii) tá tairbhí leathana don tsochaí aige (inbhuanaitheacht shóisialta); agus

(iii) tá tionchar dearfach nó neodrach ar an gcomhshaol nádúrtha, lena n-áirítear ar an athrú aeráide (inbhuanaitheacht chomhshaoil).

Airteagal 14.4

Inbhuanaitheacht an bhiashlabhra agus caillteanas agus cur amú bia a laghdú

1. Aithníonn na Páirtithe an t-idirnasc idir na córais bhia atá ann faoi láthair agus an t-athrú aeráide. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun tionchair dhíobhálacha chóras bia ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú agus chun a n-athléimneacht a neartú.

2. Aithníonn na Páirtithe go mbíonn tionchar diúltach ag caillteanas agus cur amú bia ar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil na gcóras bia.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimsí a fhéadfaidh na hábhair seo a leanas a áireamh:

(a) táirgeadh inbhuanaithe bia, lena n-áirítear talmhaíocht, leas ainmhithe a fheabhsú, feirmeoireacht orgánach a chur chun cinn agus úsáid ábhar frithmhiocróbach, leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú ar ina a leith a léirítear le measúnú riosca go mbaineann riosca do-ghlactha leo don tsláinte nó don chomhshaol;

(b) inbhuanaitheacht an bhiashlabhra, lena n-áirítear táirgeadh bia, modhanna próiseála agus cleachtais phróiseála;

(c) aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe, lena laghdaítear lorg carbóin an tomhaltais;

(d) astaíochtaí gás ceaptha teasa córas bia a laghdú, linnte carbóin a mhéadú, agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú;

(e) nuálaíocht agus teicneolaíochtaí lena rannchuidítear le hoiriúnú agus athléimneacht i gcoinne thionchair an athraithe aeráide;

(f) pleananna teagmhais a fhorbairt chun slándáil an tsoláthair bia a áirithiú in aimsir géarchéime; agus

(g) caillteanas agus cur amú bia a laghdú, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3, mar a shainítear i gClár Oibre 2030.

4. Féadfaidh malartú faisnéise, saineolas agus eispéireas a áireamh i gcomhar de bhun an Airteagal, chomh maith le comhar sa taighde agus nuálaíocht.

Airteagal 14.5

An comhrac i gcoinne na calaoise sa bhiashlabhra

1. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar, le calaois, difear a dhéanamh do shábháilteacht an bhiashlabhra, inbhuanaitheacht na gcóras bia a chur i mbaol agus an bonn a bhaint de chleachtas cothrom tráchtála, de mhuinín tomhaltóirí agus d'athléimneacht na margaí bia.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun calaois sa bhiashlabhra a bhrath agus a sheachaint tríd na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis agus taithí a mhalartú chun feabhas a chur ar bhrath agus ar chomhrac na calaoise sa bhiashlabhra; agus

(b) an cúnamh is gá a chur ar fáil chun fianaise a bhailiú maidir le cleachtais nach gcomhlíonann a rialacha, nó a bhfuil an chosúlacht orthu nach gcomhlíonann siad a rialacha, nó a bhfuil baol ag baint leo do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí nó don chomhshaol, nó a chuireann custaiméirí amú.

Airteagal 14.6

Leas ainmhithe

1. Aithníonn na Páirtithe gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe agus go mbaineann freagracht as folláine na n-ainmnithe lena n-úsáid i gcórais táirgthe bia. Urramóidh na Páirtithe dálaí trádála d'ainmhithe feirmshaothraithe agus do tháirgí ainmhithe a bhfuil sé d'aidhm acu leas na n-ainmhithe a chosaint.

2. Tá sé d'aidhm ag na Páirtithe teacht ar chomhthuiscint maidir le caighdeáin idirnáisiúnta um leas ainmhithe na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ('WOAH').

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le forbairt agus cur chur chun feidhme caighdeán um leas na n-ainmhithe ar an bhfeirm, le linn iompair, agus i marú ainmnithe, i gcomhréir lena ndlí.

4. Déanfaidh na Páirtithe a gcomhar taighde i réimse leas na n-ainmhithe a neartú chun caighdeáin um leas na n-ainmhithe atá bunaithe ar an eolaíocht a fhorbairt.

5. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 14.8 aghaidh a thabhairt ar ábhair eile i réimse leas na n-ainmhithe.

6. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis, saineolas agus taithí i réimse leas na n-ainmhithe a mhalartú.

7. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i WOAH agus féadfaidh siad a bheith ag oibriú i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta eile, agus é d'aidhm aige sin caighdeáin leasa ainmhithe agus dea-chleachtas leasa ainmhithe a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme.

8. De bhun Airteagal 40.3(3), féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste meitheal theicniúil a chur ar bun chun tacú leis an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 14.8 ó thaobh chur chun feidhme an Airteagail seo de.

Airteagal 14.7

Comhrac i gcoinne fhrithsheasmhacht na bhfrithmhiocróbach

1. Aithníonn na Páirtithe gur bagairt thromchúiseach do shláinte an duine agus do shláinte na n-ainmhithe í an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus le húsáid ábhar frithmhiocróbach in ainmhithe, go háirithe iad a mhí-úsáid agus a ró-úsáid, go gcuirtear le forbairt fhoriomlán na frithsheasmhachta fhrithmhiocróbaí agus go bhfuil baol mór ann don tsláinte phoiblí. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil gá le cur chuige trasnáisiúnta de bharr chineál na bagartha.

2. Cuirfidh gach Páirtí deireadh de réir a chéile le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha mar spreagthóirí fáis.

3. Déanfaidh gach Páirtí na nithe seo a leanas, i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin:

(a) aird a thabhairt ar treoirlínte, caighdeáin, moltaí agus gníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tionscnaimh agus pleananna náisiúnta ábhartha á bhforbairt arb é is aidhm dóibh úsáid stuama agus fhreagrach ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn i dtáirgeadh ainmhithe agus i gcleachtais tréidliachta;

(b) i gcásanna ina gcinnfidh na Páirtithe amhlaidh go comhpháirteach, úsáid fhreagrach stuama ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn, lena n-airítear úsáid ábhar frithmhiocróbach i dtáirgeadh ainmhithe a laghdú agus deireadh a chur de réir a chéile le húsáid ábhar frithmhiocróbach mar spreagthóirí fáis i dtáirgeadh ainmhithe; agus

(c) tacú le pleananna gníomhaíochta idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir leis an gcomhrac i gcoinne na frithsheasmhachta fhrithmhiocróbaí, má mheasann na Páirtithe gurb iomchuí sin.

4. De bhun Airteagal 40.3(3), féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste meitheal theicniúil a chur ar bun chun tacú leis an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 14.8 ó thaobh chur chun feidhme an Airteagail seo de.

Airteagal 14.8

An Fochoiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe

1. An Fochoiste um Chórais Bhia Inbhuanaithe ('Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe atá freagrach as chórais bhia inbhuanaithe.

2. Déanfaidh an Fochoiste faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus déanfaidh sé scrúdú ar gach ábhar a thagann chun cinn i ndáil lena cur chun feidhme.

3. Tiocfaidh an Fochoiste ar chomhaontú maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach. Bunóidh an Fochoiste cuspóirí agus clocha míle le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin agus déanfaidh sé faireachán ar dhul chun cinn na bPáirtithe maidir le córais bhia inbhuanaithe a bhunú. Déanfaidh an Fochoiste meastóireacht ar thorthaí chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin i ngach tréimhse.

4. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach nó don Chomhchoiste, de bhun Airteagal 40.3 (3), meithleacha teicniúla a bhunú ar a mbeidh ionadaithe ar leibhéal na saineolaithe ó gach Páirtí chun saincheisteanna teicniúla agus eolaíocha a eascraíonn as cur i bhfeidhm na Caibidle seo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

5. Molfaidh an Fochoiste go mbunaíonn an Chomhchoiste rialacha chun coinbhleachtaí féideartha leasa a mhaolú le haghaidh rannpháirtithe chruinnithe an Fhochoiste agus rannpháirtithe aon mheithle teicniúla dá dtagraítear sa Chaibidil. Glacfaidh an Comhchoiste cinneadh lena mbunaítear na rialacha sin.

Airteagal 14.9

Comhar i bhfóraim iltaobhacha

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, de réir mar is iomchuí, i bhfóraim iltaobhacha chun an t-aistriú domhanda i dtreo córas inbhuanaithe bia a éascú, ar córais iad lena rannchuidítear leis na cuspóirí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol, an dúlra agus cosaint na haeráide a bhaint amach.

2. Is é an Fochoiste an fóram chun faisnéis a mhalartú agus chun comhoibriú sna hábhair a chumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 14.10

Forálacha breise

1. Ní dhéanfar difear do neamhspleáchas ghníomhaireachtaí náisiúnta nó réigiúnacha na bPáirtithe le gníomhaíochtaí an Fhochoiste.

2. Ní dhéanfar difear do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe maidir le faisnéis rúnda a chosaint le haon ní sa Chaibidil seo, i gcomhréir le dlí gach Páirtí. Nuair a chuirfidh Páirtí faisnéis faoi bhráid an Pháirtí eile de bhun na Caibidle seo, ar faisnéis é a mheastar a bheith rúnda faoina dhlí, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí atá á chur isteach a mhalairt.

3. Agus ceart gach Páirtí chun rialála á urramú go hiomlán, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo go gcuirtear oibleagáid ar Pháirtí:

(a) a chuid ceanglas maidir le hallmhairiú a leasú;

(b) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(c) gníomhartha a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bearta rialála, nó lena ndéanfaí bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(d) aon toradh rialála ar leith a ghlacadh.

CAIBIDIL 15

FUINNEAMH AGUS AMHÁBHAIR

Airteagal 15.1

Cuspóir

Is é cuspóir na Caibidle seo idirphlé agus comhar a chur chun cinn sna hearnálacha fuinnimh agus amhábhar chun leas frithpháirteach na bPáirtithe, trádáil agus infheistíocht inbhuanaithe agus chóir a chothú lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta sna hearnálacha sin, agus iomaíochas na slabhraí luacha gaolmhara a neartú, lena n-áirítear breisluach, i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Airteagal 15.2

Prionsabail

1. Coimeádann gach Páirtí an ceart ceannasach chun a chinneadh an bhfuil limistéir laistigh dá chríoch, agus sa chrios eacnamaíoch eisiach, ar fáil chun taiscéalaíocht a dhéanamh agus chun earraí agus amhábhair fuinnimh a tháirgeadh agus a iompar.

2. I gcomhréir leis an gCaibidil seo, athdhearbhaíonn na Páirtithe a gceart chun rialála laistigh dá gcríocha féin chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar.

Airteagal 15.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 15-A agus 15-B:

(a) ciallaíonn 'údarú' an cead, an ceadúnas, an lamháltas nó an ionstraim riaracháin nó chonarthach chomhchosúil lena dtugann údarás inniúil Páirtí cead d'eintiteas gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe a fheidhmiú ina chríoch i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san údarú;

(b) ciallaíonn 'cothromú' gach gníomhaíocht agus próiseas, i ngach amlíne, faoina n-áirithíonn oibreoirí córais tarchurtha, ar bhealach leanúnach, go gcoinnítear minicíocht an chórais laistigh de raon cobhsaíochta réamhshainithe agus go gcomhlíontar méid na gcúlchistí atá de dhíth i ndáil leis an gcáilíocht is gá;

(c) ciallaíonn ‘earraí fuinnimh’ na hearraí as a ngintear fuinneamh agus a liostaítear leis an gcód CC comhfhreagrach in Iarscríbhinn 15-A;

(d) ciallaíonn ‘hidreacarbóin’ na hearraí a liostaítear leis an gcód CC comhfhreagrach in Iarscríbhinn 15-A;

(e) ciallaíonn ‘amhábhair’: substaintí a úsáidtear i monarú táirgí tionsclaíocha, lena n-áirítear mianta, tiúcháin, slaigeanna, luaithreach agus ceimiceáin; ábhair neamhshaoirsithe, phróiseáilte agus scagtha; dramhaíl mhiotail; dramh agus dramh lena athleá, a liostaítear i gcaibidil CC comhfhreagrach in Iarscríbhinn 15-A;

(f) ciallaíonn ‘fuinneamh in-athnuaite’ fuinneamh a tháirgtear ó fhoinsí gréine, gaoithe, uisce, ó fhoinsí geoiteirmeacha, bitheolaíocha nó aigéin nó ó fhoinsí in-athnuaite comhthimpeallacha eile;

(g) ciallaíonn ‘breoslaí in-athnuaite’ bithbhreoslaí, bithleachtanna, breosla bithmhaise agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, lena n-áirítear breoslaí sintéiseacha in-athnuaite agus hidrigin in-athnuaite;

(h) ciallaíonn ‘caighdeáin’ caighdeáin de réir bhrí i gCaibidil 16;

(i) ciallaíonn ‘oibreoir córais’:

(i) thar ceann an Pháirtí AE: duine atá freagrach as an gcóras dháilte nó tarchurtha leictreachais a oibriú, agus cothabháil agus forbairt an chórais i limistéar ar leith a áirithiú, agus as cumas fadtéarmach na gcóras sin a áirithiú; agus

(ii) thar ceann na Sile: comhlacht neamhspleách atá freagrach as oibriú córas leictreachais idirnasctha a chomhordú, lena n-áirithítear feidhmiú éifeachtúil eacnamaíoch agus sábháilteacht agus iontaofacht an chórais leictrigh, agus lena soláthraítear rochtain oscailte ar an gcóras tarchurtha; agus

(j) ciallaíonn ‘rialacháin theicniúla’ rialacháin theicniúla de réir bhrí i gCaibidil 16.

Airteagal 15.4

Monaplachtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin

Ní dhéanfaidh Páirtí monaplacht allmhairiúcháin ná onnmhairiúcháin a ainmniú ná a choinneáil ar bun. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘monaplacht allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin’ ceart eisiach údaráis nó deonú eiseach údaráis a thabharfadh Páirtí d’eintiteas chun earraí fuinnimh nó amhábhair a allmhairiú ón bPáirtí eile nó chun earraí fuinnimh nó amhábhair a onnmhairiú chuige ([18]).

Airteagal 15.5

Praghsáil onnmhairiúcháin ([19])

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí praghas ar earraí fuinnimh nó amhábhair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile atá níos airde ná an praghas a ghearrtar ar na hearraí sin nuair a bhíonn siad le cur ar an margadh intíre, trí bhíthin aon bhearta lena n-áirítear ceadúnais nó ceanglais maidir le praghas íosta.

2. D’ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an tSile bearta a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun d’fhonn breisluach a chothú, trí amhábhair a sholáthar d’earnálacha tionsclaíocha ar phraghsanna fabhracha ionas gur féidir leo teacht chun cinn laistigh den tSile, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 15-B leis na bearta sin.

([18]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar do Chaibidlí 17, 18 agus 29 agus do na sceidil in Iarscríbhinní 17-A go 17-C agus 29, agus níl feidhm aige maidir le ceart a eascraíonn as ceart maoine intleachtúla a dheonú.

([19]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar d’Iarscríbhinn 29.

Airteagal 15.6

Praghais rialáilte intíre

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá margaí fuinnimh iomaíocha chun rogha leathan a chur ar fáil maidir le hearraí fuinnimh a sholáthar agus chun leas tomhaltóirí a fheabhsú. Aithníonn na Páirtithe freisin go mbíonn difríocht idir riachtanais agus cineálacha cur chuige rialála idir margaí.

2. I dtaca le mír 1, áiritheoidh gach Páirtí go mbunófar soláthar earraí fuinnimh ar phrionsabail an mhargaidh, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin.

3. Ní fhéadfaidh Páirtí an praghas a ghearrtar ar sholáthar earraí fuinnimh a rialáil ach amháin trí oibleagáid seirbhíse poiblí a fhorchur.

4. Má fhorchuireann Páirtí oibleagáid seirbhíse poiblí, áiritheoidh sé go ndéantar an oibleagáid sin a shainiú go soiléir, go bhfuil sí trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus nach dtéitear thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na hoibleagáide seirbhíse poiblí a bhaint amach.

Airteagal 15.7

Údarú le haghaidh taiscéalaíocht nó táirgeadh earraí fuinnimh agus amhábhar

1. Gan dochar do Chaibidil 20, má tá údarú de dhíth ar Pháirtí chun earraí fuinnimh agus amhábhair a fhiosrú nó a tháirgeadh, áiritheoidh an Páirtí sin go ndeonófar an t-údarú sin tar éis nós imeachta poiblí agus neamh-idirdhealaitheach ([20]).

2. Sonrófar sa nós imeachta poiblí sin, *inter alia*, cineál an údaraithe, an réimse ábhartha nó an chuid de is ábhartha agus an dáta nó an teorainn ama a mholtar chun an t-údarú a dheonú, ar bhealach lena gcumasaítear iarratasóirí arb ionchasach gur spéis leo é iarratais a chur isteach.

3. Féadfaidh Páirtí maolú ar mhír 2 den Airteagal seo agus ar Airteagal 20.3 in aon cheann de na cásanna seo a leanas a bhaineann le hidreacarbóin:

(a) bhí an limistéar faoi réir nós imeachta roimhe sin nár deonaíodh údarú dá thoradh;

(b) go bhfuil an limistéar ar fáil ar bhonn buan le haghaidh taiscéalaíochta nó táirgeadh earraí fuinnimh agus amhábhar; nó

(c) tarraingíodh siar údarú a deonaíodh roimh a dháta éaga.

4. Féadfaidh gach Páirtí a cheangal ar eintiteas ar deonaíodh údarú dó ranníocaíocht airgeadais nó ranníocaíocht chomhchineáil a íoc. Socrófar an ranníocaíocht airgeadais nó an ranníocaíocht chomhchineáil ar bhealach nach gcuirfear isteach leis ar bhainistíocht agus ar phróiseas cinnteoireachta an eintitis sin.

5. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás ina ndiúltaítear dá iarratas, go soláthrófar na cúiseanna leis an diúltú dá iarratas don iarratasóir chun go gcuirfear ar chumas an iarratasóra sin dul ar iontaoibh nósanna imeachta le haghaidh achomharc nó athbhreithniú i gcás inar gá. Cuirfear na nósanna imeachta maidir le hachomharc nó athbhreithniú ar fáil go poiblí roimh ré.

Airteagal 15.8

Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol

1. Áiritheoidh Páirtí go ndéanfar measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ([21]) sula ndeonófar údarú le haghaidh tionscadal nó gníomhaíocht a bhaineann le fuinneamh nó amhábhair a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar an daonra, ar shláinte an duine, ar an mbithéagsúlacht, ar thalamh, ar ithir, ar aer nó ar aeráid, nó ar an oidhreacht chultúrtha nó ar an tírdhreach cultúrtha. Leis an measúnú sin, sainaithneofar na tionchair sin agus déanfar measúnú orthu.

([20]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás ina mbeidh aon neamhréireacht idir an tAirteagal seo agus Caibidlí 17 agus 18 agus Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C, beidh forlámhas ag na Caibidlí agus na hIarscríbhinní sin a mhéid atá siad ar neamhréir le chéile.

([21]) I gcás na Sile, ciallaíonn 'measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol' an staidéar ar an tionchar ar an gcomhshaol, mar a shainmhínítear i nDlí 19.300 Teideal 1, Airteagal 2, litir (i), nó a chomharba, agus mar a rialaítear le hAirteagal 11 den Dlí céanna.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fáil don phobal mar chuid den phróiseas chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol, agus tabharfaidh siad am agus deiseanna don phobal chun bheith rannpháirteach sa phróiseas sin agus chun tuairimí a thabhairt.

3. Déanfaidh gach Páirtí torthaí an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a fhoilsiú agus a chur san áireamh sula ndeonófar an t-údarú don tionscadal nó don ghníomhaíocht.

Airteagal 15.9

Rochtain ag tríú páirtí ar bhonneagar iompair fuinnimh

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndeonóidh oibreoirí córas atá ina chríoch rochtain neamh-idirdhealaitheach d'eintiteas ar bith de Pháirtí ar an mbonneagar iompair fuinnimh le haghaidh leictreachas a iompar. A mhéid agus is féidir, deonófar rochtain ar an mbonneagar leictreachais laistigh de thréimhse ama réasúnta ó dháta na hiarrata ar rochtain ag an eintiteas sin.

2. Cuirfidh gach Páirtí ar chumas eintitis de chuid Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, rochtain a fháil ar bhonneagar iompair fuinnimh le haghaidh leictreachas a iompar ar théarmaí agus coinníollacha neamh-idirdhealaitheach, agus an bonneagar sin a úsáid, lena n-áirítear neamh-idirdhealú idir cineálacha foinsí leictreachais, agus go mbeidh na taraifí léiritheach ó thaobh costais de. Foilseoidh gach Páirtí na téarmaí, na coinníollacha agus na taraifí maidir le rochtain a fháil ar bhonneagar iompair leictreachais agus maidir lena úsáid.

3. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh Páirtí maoluithe sonracha ar an gceart chun rochtain tríú páirtí a fháil a thabhairt isteach ina dhlíthe agus a rialacháin, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, nó maoluithe den sórt sin a choinneáil ar bun, ar choinníoll go bhfuil gá leo chun cuspóir beartais dlisteanach a chomhlíonadh. Foilseofar na maoluithe sin sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

4. Aithníonn na Páirtithe ábharthacht na rialacha a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3 maidir le bonneagar gáis freisin. Páirtí nach gcuireann na rialacha sin i bhfeidhm maidir le bonneagar gáis, féachfaidh sé leis an méid sin a dhéanamh, go háirithe maidir le breoslaí in-athnuaite a iompar, agus difríochtaí maidir le haibíocht agus eagrú an mhargaidh á n-aithint ag an am céanna.

Airteagal 15.10

Rochtain ar bhonneagar ag soláthróirí leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite

1. Gan dochar d'Airteagail 15.7, 15.9 agus 15.11, áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar rochtain do sholáthróirí fuinnimh in-athnuaite an Pháirtí eile ar an ngréasán leictreachais le haghaidh saoráidí giniúna leictreachais in-athnuaite atá lonnaithe laistigh dá chríoch, agus an gréasán sin a úsáid, ar théarmaí agus coinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.

2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, go ndéanfaidh a ghnóthais tarchurtha agus a oibreoirí córais na nithe seo a leanas maidir le soláthróirí leictreachais in-athnuaite an Pháirtí eile:

(a) nasc a éascú idir saoráidí nua giniúna leictreachais in-athnuaite agus an gréasán leictreachais gan téarmaí agus coinníollacha idirdhealaitheacha a fhorchur;

(b) úsáid iontaofa an ghréasáin leictreachais a chumasú;

(c) seirbhísí cothromúcháin a sholáthar; agus

(d) a áirithiú go bhfuil bearta oibríochtúla iomchuí i dtaca leis an eangach agus a bhaineann leis an margadh i bhfeidhm chun ciorrú an leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a íoslaghdú.

3. Tá mír 2 gan dochar do cheart dlisteanach gach Páirtí rialáil a dhéanamh laistigh dá chríoch chun cuspóirí dlisteanacha beartais a bhaint amach, amhail an gá atá le hoibriú agus cobhsaíocht an chórais leictreachais a choinneáil ar bun, ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha.

Airteagal 15.11

Comhlacht neamhspleách

1. Déanfaidh gach Páirtí comhlacht atá neamhspleách ó thaobh feidhme de a choinneáil ar bun nó a bhunú a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

(a) na téarmaí, na coinníollacha agus na taraifí le haghaidh rochtain a fháil ar an ngréasán leictreachais agus le haghaidh a úsáide a shocrú nó a fhormheasadh; agus

(b) conspóidí a bhaineann le téarmaí, coinníollacha agus taraifí iomchuí le haghaidh rochtain a fháil ar an ngréasán leictreachais agus le haghaidh a úsáide a réiteach laistigh de thréimhse ama réasúnta.

2. Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus a gcumhachtaí a leagtar amach i mír 1 á bhfeidhmiú acu, gníomhóidh an comhlacht nó na comhlachtaí ar bhealach trédhearcach agus neamhchlaonta maidir le húsáideoirí, úinéirí agus oibreoirí córais an ghréasáin leictreachais.

Airteagal 15.12

Comhar maidir le caighdeáin

1. D'fhonn bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar thrádáil in earraí fuinnimh agus amhábhar a chosc, a aithint agus a dhíothú, tá feidhm ag Caibidil 16 maidir leis na hearraí agus na hábhair sin.

2. I gcomhréir le hAirteagail 16.4 agus 16.6, déanfaidh na Páirtithe comhar a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí, idir a gcomhlachtaí rialála agus caighdeánaithe ábhartha i réimsí amhail an éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh inbhuanaithe agus amhábhair inbhuanaithe, d'fhonn rannchuidiú le trádáil, infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe, *inter alia*, tríd na nithe seo a leanas:

(a) cóineasú nó comhchuibhiú a gcaighdeán reatha faoi seach, más féidir, bunaithe ar an leas coiteann agus an chómhalartacht, agus i gcomhréir leis na módúlachtaí a bheidh le comhaontú ag na rialálaithe agus na comhlachtaí um chaighdeánú lena mbaineann;

(b) anailísí, modheolaíochtaí agus cineálacha cur chuige comhpháirteacha, chun cabhrú le forbairt tástálacha agus caighdeán tomhais ábhartha agus chun an fhorbairt sin a éascú, i gcomhar lena n-eagraíochtaí ábhartha um chaighdeánú féin;

(c) forbairt caighdeán comhchoiteann maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, más féidir; agus

(d) caighdeáin a chur chun cinn maidir le hamhábhair, le haghaidh giniúint fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear dearadh táirgí agus lipéadú, más iomchuí, trí thionscnaimh chomhair idirnáisiúnta atá ann cheana.

3. Chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, tá sé d'aidhm ag na Páirtithe forbairt agus úsáid caighdeán oscailte agus idir-inoibritheachta gréasán, córas, feistí, feidhmchlár nó comhpháirteanna in earnáil an fhuinnimh agus na n-amhábhar a spreagadh.

Airteagal 15.13

Taighde, forbairt agus nuálaíocht

Sainaithníonn na Páirtithe gur príomhghnéithe iad an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht chun éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht agus iomaíochas sna hearnálacha fuinnimh agus amhábhar a fhorbairt a thuilleadh. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar lena chéile, de réir mar is iomchuí, *inter alia*, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) taighde, forbairt, nuálaíocht agus scaipeadh teicneolaíochtaí, próiseas agus cleachtas atá fóinteach ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh na gcostas de a chur chun i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar;

(b) breisiú luacha ar chomhleas na bPáirtithe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an acmhainneacht tháirgiúil i dtaca le fuinneamh agus amhábhair; agus

(c) fothú acmhainneachta a neartú i gcomhthéacs tionscnamh taighde, forbartha agus nuálaíochta.

Airteagal 15.14

Comhar maidir le hearraí fuinnimh agus amhábhair

1. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhair, de réir mar is iomchuí, i réimse na n-earraí fuinnimh agus na n-amhábhar d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh, *inter alia*:

(a) beart a laghdú nó deireadh a chur leo a d'fhéadfadh trádáil agus infheistíocht a shaobhadh iontu féin nó in éineacht le bearta eile, lena n-áirítear bearta de chineál teicniúil, rialaitheach nó eacnamaíoch lena ndéantar difear d'earnáil an fhuinnimh nó d'earnáil na n-amhábhar;

(b) plé a dhéanamh, aon uair is féidir, ar an seasamh dá gcuid i bhfóraim idirnáisiúnta ina bpléitear saincheisteanna ábhartha trádála agus infheistíochta, agus cláir idirnáisiúnta a chothú i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, an fhuinnimh in-athnuaite agus na n-amhábhar; agus

(c) iompar gnó freagrach a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta a d'fhormhuinigh na Páirtithe nó a dtacaíonn na Páirtithe leo, amhail Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus, go háirithe, Caibidil IX díobh maidir leis an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht.

Comhar téamach maidir le fuinneamh

2. Aithníonn na Páirtithe gur gá dlús a chur le cur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus an nuálaíocht a chur chun cinn, agus chun rochtain ar fhuinneamh sábháilte, inbhuanaithe agus inacmhainne a áirithiú. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le haon cheist ábhartha a bhfuil leas frithpháirteach acu inti, amhail an méid seo a leanas:

(a) fuinneamh in-athnuaite, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí, comhtháthú sa chóras leictreachais agus rochtain air, stóráil agus solúbthacht, agus an slabhra soláthair iomlán na hidrigine in-athnuaite;

(b) éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear rialáil, dea-chleachtais, agus córais téimh agus fuaraithe atá éifeachtúil agus inbhuanaithe;

(c) leictrea-shoghluaisteacht agus bonneagar athluchtúcháin a chur in úsáid; agus

(d) margaí fuinnimh atá oscailte agus iomaíoch.

Comhar téamach maidir le hamhábhair

3. Aithníonn na Páirtithe a dtiomantas comhroinnte maidir le foinsiú freagrach agus táirgeadh inbhuanaithe amhábhar agus a leas frithpháirteach chun comhtháthú slabhraí luacha amhábhar a éascú. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le haon cheist ábhartha a bhfuil leas frithpháirteach acu inti, amhail an méid seo a leanas:

(a) cleachtais mhianadóireachta fhreagracha agus inbhuanaitheacht slabhraí luacha amhábhar, lena n-áirítear rannchuidiú na slabhraí luacha amhábhar le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh;

(b) slabhra luacha amhábhar, lena n-áirítear breisiú luacha; agus

(c) réimsí leasa fhrithpháirtigh a shainaithint le haghaidh comhair maidir le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta lena gcumhdaítear slabhra luacha iomlán na n-amhábhar, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ceannródaíocha, mianadóireacht chliste agus mianaigh dhigiteacha.

4. Agus gníomhaíochtaí comhair á bhforbairt ag na Páirtithe, cuirfidh siad na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Féadfar gníomhaíochtaí a dhéanamh pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta atá ar fáil do na Páirtithe.

5. Is féidir gníomhaíochtaí comhair a fhorbairt agus a chur chun feidhme le rannpháirtíocht eagraíochtaí Idirnáisiúnta, fóraim dhomhanda agus institiúidí taighde, mar a chomhaontaítear idir na Páirtithe.

6. Déanfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí agus an tAirteagal seo á chur chun feidhme, comhordú cuí maidir le cur chun feidhme Airteagail 4.5 agus 5.2.

Airteagal 15.15

An t-aistriú fuinnimh agus breosla in-athnuaite

1. Chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, aithníonn na Páirtithe rannchuidiú tábhachtach breoslaí in-athnuaite, *inter alia*, hidrigin in-athnuaite, lena n-áirítear a ndíorthaigh, agus breoslaí sintéiseacha in-athnuaite, le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

2. I gcomhréir le hAirteagal 15.12(2), oibreoidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, i gcomhar maidir le cóineasú nó comhchuibhiú scéimeanna deimhniúcháin, más féidir, le haghaidh breoslaí in-athnuaite, amhail scéimeanna i dtaca le hastaíochtaí saolré agus caighdeáin sábháilteachta.

3. A mhéid a bhaineann le breoslaí in-athnuaite, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn na nithe seo a leanas a bhaint amach:

(a) bearta a d'fhéadfadh trádáil dhéthaobhach a shaobhadh a shainaithint, a laghdú agus a dhíothú, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear bearta de chineál teicniúil, rialaitheach agus eacnamaíoch;

(b) tionscnaimh a chothú lena n-éascaítear trádáil dhéthaobhach chun táirgeadh hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn; agus

(c) úsáid breoslaí in-athnuaite a chur chun cinn, agus a rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú á chur san áireamh.

4. Spreagfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, forbairt agus cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta agus comhair rialaithigh i leith breoslaí in-athnuaite, agus oibreoidh siad i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha d'fhonn scéimeanna ábhartha deimhniúcháin a fhorbairt lena seachnófar teacht chun cinn bacainní gan údar ar thrádáil.

Airteagal 15.16

Eisceacht i gcás córas leictreachais beag agus scoite

1. Chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, aithníonn na Páirtithe go bhféadfar foráil a dhéanamh lena ndlíthe agus lena rialacháin maidir le córais speisialta le haghaidh córais leictreachais bheaga agus scoite.

2. De bhun mhír 1, féadfaidh Páirtí bearta a choinneáil ar bun, a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú maidir le córais leictreachais bheaga agus scoite a mhaolaíonn ar Airteagail 15.6, 15.7, 15.9, 15.10 agus 15.11, ar choinníoll nach ionann na bearta sin agus srianta faoi cheilt ar thrádáil nó ar infheistíocht idir na Páirtithe.

Airteagal 15.17

An Fochoiste um Thrádáil in Earraí

1. An Fochoiste um Thrádáil in Earraí ('Fochoiste'), a bunaítear de bhun Airteagal 8.8(1), beidh sé freagrach as an Chaibidil seo agus Iarscríbhinní 15-A agus 15-B a chur chun feidhme. Beidh feidhm ag na feidhmeanna a leagtar amach i bhfomhíreanna (a), (c), (d) agus (e) d'Airteagal 9.18 maidir leis an gCaibidil seo, *mutatis mutandis*.

2. I gcomhréir le hAirteagail 15.12, 15.13, 15.14 agus 15.15, féadfaidh an Fochoiste a mholadh go mbunaíonn na Páirtithe modhanna eile comhair nó a éascú eatarthu i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar.

3. Má chomhaontaíonn na Páirtithe go frithpháirteach, tiocfaidh an Fochoiste le chéile i seisiúin atá tiomnaithe do chur chun feidhme na Caibidle seo. Agus seisiúin den chineál sin á n-ullmhú, féadfaidh gach Páirtí breithniú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar ábhair ionchuir ó pháirtithe leasmhara ábhartha nó ó shaineolaithe ábhartha.

4. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht iomchuí ionadaithe Páirtí a áirithiú, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina shonraí teagmhála agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin. I gcás na Sile, is ionadaí ó Fho-Rúnaíocht Chaidreamh Eacnamaíoch Idirnáisiúnta na hAireachta Gnóthaí Eachtracha nó a comharba a bheidh an pointe teagmhála.

CAIBIDIL 16

BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

Airteagal 16.1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Chaibidil seo trádáil earraí idir na Páirtithe a fheabhsú agus éascú trí bhacainní teicniúla ar thrádáil nach bhfuil gá leo a chosc, a shainaithint agus a dhíothú agus trí chomhar rialála níos fearr a chur chun cinn.

Airteagal 16.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta uile a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú BTT lena bhféadfar difear a dhéanamh don trádáil in earraí idir na Páirtithe a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

2. D'ainneoin mhír 1, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraíochtaí ceannaigh arna n-ullmhú ag comhlachtaí rialtais le haghaidh ceanglais táirgthe nó tomhaltais de chuid na gcomhlachtaí sin a chumhdaítear le Caibidil 28; nó

(b) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chumhdaítear le Caibidil 13.

Airteagal 16.3

Forálacha áirithe Chomhaontú BTT a ionchorprú

Déantar Airteagail 2 go 9 de Chomhaontú BTT agus Iarscríbhinní 1 agus 3 a ghabhann le Comhaontú BTT a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid de *mutatis mutandis*.

Airteagal 16.4

Caighdeáin idirnáisiúnta

1. Measfar gurb iad na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag na heagraíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn 16-A na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha de réir bhrí Airteagail 2 agus 5 agus Iarscríbhinn 3 de Chomhaontú BTT ar choinníoll gur chomhlíon na heagraíochtaí sin, agus iad á bhforbairt, na prionsabail agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chinneadh ó Choiste EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil i ndáil le Prionsabail maidir le Caighdeáin, Treoracha agus Moltaí Idirnáisiúnta a Fhorbairt i ndáil le hAirteagail 2, 5 agus le hIarscríbhinn 3 de Chomhaontú BTT ([22]).

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh Iarscríbhinn 16-A a leasú, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1).

Airteagal 16.5

Rialacháin theicniúla

1. Sainaithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé measúnú tionchair rialála a dhéanamh ar rialacháin theicniúla atá beartaithe, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta gach Páirtí féin.

2. Déanfaidh gach Páirtí measúnú ar na roghanna malartacha rialála agus neamhrialála atá ar fáil in ionad an rialacháin theicniúil atá beartaithe a d'fhéadfadh cuspóirí dlisteanacha an Pháirtí a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 2.2 de Chomhaontú BTT.

([22]) G/TBT/9, 13 Samhain 2000, Iarscríbhinn 4.

3. Úsáidfidh gach Páirtí caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar bhonn dá rialacháin theicniúla ach amháin i gcás inar féidir leis an bPáirtí atá ag forbairt an rialacháin theicniúil a léiriú go mbeadh na caighdeáin idirnáisiúnta sin ina meán neamhéifeachtach nó míchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar a shaothrú a bhaint amach.

4. I gcás nár bhain Páirtí leas as caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn do rialachán teicniúil, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfaidh sé aon diall substaintiúil ón gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha a shainaithint, míneoidh sé na cúiseanna ar measadh na caighdeáin sin a bheith neamhéifeachtach nó neamhoiriúnach chun an cuspóir a chomhlíonadh, agus soláthróidh sé an fhianaise eolaíoch nó theicniúil ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe.

5. I dtaca le hoibleagáid gach Páirtí de bhun Airteagal 2.3 de Chomhaontú BTT, déanfaidh gach Páirtí athbhreithniú, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin, ar a rialacháin theicniúla d'fhonn cóineasú na rialachán teicniúil sin le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a mhéadú. Cuirfidh gach Páirtí san áireamh, *inter alia*, aon fhorbairt nua sna caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus cibé atá nó nach bhfuil na himthosca ann i gcónaí as ar eascair aon dibhéirseacht ó aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha.

Airteagal 16.6

Comhar rialála

1. Aithníonn na Páirtithe gurb ann do raon leathan sásraí um chomhar rialála arbh fhéidir leo a bheith cuiditheach ó thaobh cruthú bacainní teicniúla ar an trádáil a dhíothú nó a sheachaint.

2. Féadfaidh Páirtí gníomhaíochtaí comhair rialála is sonrach d'earnáil faoi leith, atá i réimsí a chumhdaítear sa Chaibidil seo, a mholadh don Pháirtí eile. Tarchuirfear na tograí sin don phointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 16.13, agus is éard a bheidh iontu:

(a) malartuithe faisnéise faoi chuir chuige agus cleachtais rialála; nó

(b) tionscnaimh chun rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a ailíniú níos mó leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha.

Freagróidh an Páirtí eile an togra laistigh de thréimhse réasúnta ama.

3. Cuirfidh na pointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 16.13 an Comhchoiste ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí comhair a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

4. Féachfaidh na Páirtithe le malartú agus comhoibriú a dhéanamh maidir le sásraí chun glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta a éascú chun bacainní teicniúla ar thrádáil nach bhfuil gá leo a dhíothú.

5. Spreagfaidh na Páirtithe comhar idir na heagraíochtaí dá gcuid a bhfuil an fhreagracht as rialú teicniúil, caighdeánú, measúnú comhréireachta a dhéanamh, creidiúnú agus méadreolaíocht orthu, bídís eagraíochtaí rialtais nó neamhrialtais, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a chumhdaítear sa Chaibidil seo.

6. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a chuireann ceangal ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(b) gníomhartha a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a bhaint amach.

7. Chun críocha an Airteagail seo agus na forálacha maidir le comhar faoi Iarscríbhinní 16-A go 16-E, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach thar ceann an Pháirtí AE.

Airteagal 16.7

Comhar maidir le faireachas margaidh agus maidir le sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí neamhbhia

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar maidir le faireachas margaidh, le comhlíontacht agus sábháilteacht táirgí neamhbhia chun trádáil a éascú agus chun tomhaltóirí agus úsáideoirí eile a chosaint, agus an tábhacht a bhaineann le hiontaoibh fhrithpháirteach a fhorbairt bunaithe ar fhaisnéis chomhroinnte.

2. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'táirgí tomhaltais' earraí a bheartaítear a úsáid nó ar dóigh go n-úsáidfidh tomhaltóirí iad, cé is moite de bhia, d'fheistí leighis agus de tháirgí íocshláinte; agus

(b) ciallaíonn 'faireachas margaidh' gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanann údaráis phoiblí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus bearta a dhéantar i gcomhar le hoibreoirí eacnamaíocha, ar bhonn nósanna imeachta de chuid Páirtí a chuirfidh ar chumas an Pháirtí sin faireachán a dhéanamh nó aghaidh a thabhairt ar chomhlíontacht táirgí leis na ceanglais a leagtar amach ina dhlíthe agus ina rialacháin nó ar a sábháilteacht.

3. Chun feidhmiú neamhspleách neamhchlaonta an fhaireachais margaidh a ráthú, áiritheoidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) deighilt feidhmeanna faireachais margaidh ó fheidhmeanna um measúnú comhréireachta; agus

(b) easpa aon leasa a dhéanfadh difear do neamhchlaontacht na n-údarás um fhaireachas margaidh agus rialú nó maoirseacht á déanamh ar oibreoirí eacnamaíocha.

4. Féadfaidh na Páirtithe oibriú i gcomhar agus faisnéis a mhalartú maidir le faireachas margaidh, sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí neamhbhia, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí agus bearta faireachais margaidh agus forfheidhmiúcháin;

(b) modhanna measúnúcháin riosca agus tástáil táirgí;

(c) aisghairmeacha comhordaithe táirg nó gníomhaíochtaí comhchosúla eile;

(d) ábhair eolaíocha, teicniúla agus rialála, arb é is aidhm dóibh sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí neamhbhia a fheabhsú;

(e) saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a bhfuil ábharthacht shuntasach sláinte poiblí agus sábháilteachta ag baint leo;

(f) gníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú; agus

(g) malartú oifigeach.

5. Féadfaidh an Páirtí AE faisnéis roghnaithe óna Chóras Mear-rabhaidh a sholáthar don tSile maidir le táirgí tomhaltais dá dtagraítear i dTreoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]) nó leis an Treoir a tháinig ina dhiaidh, agus féadfaidh an tSile faisnéis roghnaithe a sholáthar don Pháirtí AE maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais agus maidir le bearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha a glacadh maidir le táirgí tomhaltais. Féadfaidh an malartú faisnéise a bheith i bhfoirm:

(a) malartú neamhchórasach, i gcásanna sonracha cuí-réasúnaithe, seachas sonraí pearsanta; agus

(b) malartú córasach bunaithe ar shocrú arna bhunú le cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach a leagfar amach in Iarscríbhinn 16-D.

([23]) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO AE L 11, 15.1.2002, lch. 4).

6. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh chun socrú a bhunú maidir le malartú rialta faisnéise lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha, maidir le bearta a dhéanfar i ndáil le táirgí neamhbhia neamhchomhlíontacha, seachas na táirgí sin a chumhdaítear le mír 5 den Airteagal seo, a leagfar amach in Iarscríbhinn 16-E.

7. Is chun tomhaltóirí, sláinte, sábháilteacht nó an comhshaol a chosaint agus chun na críche sin amháin a úsáidfidh gach Páirtí an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhíreanna 4, 5 agus 6.

8. Is mar fhaisnéis rúnda a láimhseálfaidh gach Páirtí an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhíreanna 4, 5 agus 6.

9. Sonrófar leis na socruithe a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 5 agus i mír 6 an cineál faisnéise atá le malartú, na rialacha mionsonraithe maidir leis an malartú agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le rúndacht agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

10. De bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1), beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach cinntí a ghlacadh chun na socruithe a leagtar amach in Iarscríbhinní 16-D agus 16-E a chinneadh nó a leasú.

Airteagal 16.8

Caighdeáin

1. D'fhonn caighdeáin a chomhchuibhiú ar an mbonn is leithne agus is féidir, spreagfaidh gach Páirtí na comhlachtaí um chaighdeánú arna mbunú laistigh dá chríoch agus na comhlachtaí réigiúnacha um chaighdeánú a bhfuil an Páirtí nó na comhlachtaí um chaighdeánú arna mbunú laistigh dá chríoch ina gcomhaltaí díobh, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) páirt a ghlacadh, laistigh de theorainneacha a n-acmhainní, in ullmhú caighdeán idirnáisiúnta ag comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú idirnáisiúnta;

(b) caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a úsáid mar bhonn do na caighdeáin a fhorbraíonn siad, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin idirnáisiúnta sin neamhéifeachtach nó míchuí, mar shampla, de dheasca leibhéal neamhleor cosanta nó tosca bunúsacha aeráide nó geografacha nó de dheasca fadhbanna bunúsacha teicneolaíocha;

(c) dúbláil nó forluí a sheachaint ar obair na gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú;

(d) athbhreithniú a dhéanamh, go tráthrialta, ar chaighdeáin náisiúnta agus réigiúnacha nach bhfuil bunaithe ar chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, d'fhonn a gcóineasú le caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a mhéadú;

(e) comhoibriú le comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú an Pháirtí eile i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú, lena n-áirítear trí chomhar sna comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú nó ar an leibhéal réigiúnach; agus

(f) comhar déthaobhach a chothú idir iad féin agus na comhlachtaí um chaighdeánú ón bPáirtí eile.

2. Ba cheart do na Páirtithe faisnéis a mhalartú maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an úsáid a bhaineann siad faoi seach as caighdeáin chun tacú le rialacháin theicniúla; agus

(b) a bpróisis chaighdeánaithe faoi seach, agus an méid úsáide a bhaineann siad as caighdeáin idirnáisiúnta, réigiúnacha nó fhoréigiúnacha mar bhonn dá gcaighdeáin náisiúnta.

3. I gcás ina mbeidh caighdeáin éigeantach trína chorprú nó trí thagairt a dhéanamh dóibh i ndréachtrialachán teicniúil nó i nós imeachta um measúnú comhréireachta, cuirfear chun feidhme na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 16.10 den Chomhaontú seo agus in Airteagail 2 nó 5 de Chomhaontú BTT.

Airteagal 16.9

Measúnú comhréireachta

1. Maidir le forálacha Airteagal 16.5 i ndáil le rialacháin theicniúla a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, beidh feidhm acu freisin, *mutatis mutandis*, maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

2. I gcás ina n-éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta mar dhearbhú dearfach go bhfuil táirge i gcomhréir le rialachán teicniúil, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú atá comhréireach leis na rioscaí lena mbaineann;

(b) úsáid dearbhaithe comhréireachta soláthróra a mheas, faoi réir a dhlíthe agus a rialachán, mar bhealach féideartha chun comhlíonadh rialacháin theicniúil a léiriú; agus

(c) i gcás ina n-iarrfaidh an Páirtí eile air é, faisnéis a chur ar fáil maidir leis na critéir a úsáidtear chun na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú le haghaidh táirgí sonracha.

3. I gcás ina n-éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta tríú páirtí mar dhearbhú dearfach go gcomhlíonann táirge rialachán teicniúil, agus nach bhfuil an cúram sin tugtha aige d'údarás rialtais mar a shonraítear i mír 4, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) creidiúnú a úsáid mar rogha chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta a cháiliú;

(b) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh creidiúnú agus measúnú comhréireachta, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe na bPáirtithe, mar shampla trí shásraí an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (dá ngairtear 'ILAC' anseo feasta) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (dá ngairtear 'IAF' anseo feasta);

(c) beidh sé páirteach lena chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, nó, de réir mar is infheidhme, molfaidh sé dóibh a bheith páirteach in aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm chun glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta a chomhchuibhiú nó a éascú;

(d) áiritheoidh sé, má dhéanfar níos mó ná aon chomhlacht amháin um measúnú comhréireachta a ainmniú le haghaidh táirge ar leith nó sraith áirithe táirgí, gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha cé acu comhlacht um measúnú comhréireachta a ndéanfaidh an nós imeachta um measúnú comhréireachta;

(e) a áirithiú go bhfuil comhlachtaí um measúnú comhréireachta neamhspleách ar mhonaróirí, ar allmhaireoirí agus ar oibreoirí eacnamaíocha i gcoitinne agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa idir comhlachtaí creidiúnaithe agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(f) a cheadú do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta úsáid a bhaint as fochonraitheoirí chun tástáil nó cigireachtaí a dhéanamh i ndáil leis an measúnú comhréireachta, lena n-áirítear fochonraitheoirí atá suite i gcríoch an Pháirtí eile; ní fhorléireofar san fhomhír seo mar ní a chuireann toirmeasc ar Pháirtí a cheangal ar fhochonraitheoirí na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus a cheanglófaí ar an gcomhlacht um measúnú comhréireachta dá bhfuil sé faoi chonradh a chomhlíonadh chun na tástálacha ar conradh nó an chigireacht féin a dhéanamh; agus

(g) liosta de na comhlachtaí atá ainmnithe aige chun measúnú comhréireachta den sórt sin a dhéanamh agus an fhaisnéis ábhartha maidir le raon feidhme ainmniúcháin gach comhlachta den sórt sin a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin oifigiúla.

4. Ní chuirfidh aon rud san Airteagal seo bac ar Pháirtí a cheangal go ndéanfaidh a údaráis rialtais ainmnithe measúnú comhréireachta i ndáil le táirgí ainmnithe. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Páirtí na nithe seo a leanas:

(a) teorainn a chur leis na táillí a bhaineann le measúnú comhréireachta do neaschostas na seirbhísí a tugadh agus, arna iarraidh sin d'iarratasóir ar mheasúnú comhréireachta, míneoidh sé an chaoi a bhfuil aon táille a fhorchuirfidh sé le haghaidh measúnú comhréireachta den sórt sin teoranta do neaschostas na seirbhísí a soláthraíodh; agus

(b) táillí na measúnuithe comhréireachta a chur ar fáil go poiblí nó iad a sholáthar arna iarraidh sin.

5. D'ainneoin mhíreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo, agus sna cásanna ina nglacfaidh an Páirtí AE dearbhú comhréireachta soláthróra sna réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn 16-B, déanfaidh an tSile foráil, i gcomhréir lena dlíthe agus lena rialacháin, maidir le nós imeachta éifeachtúil agus trédhearcach chun deimhnithe agus tuarascálacha tástála a ghlacadh a d'eisigh comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí AE agus atá creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe atá ina chomhalta de na socruithe idirnáisiúnta maidir le haitheantas frithpháirteach do ILAC agus do IAF mar chinnteacht go comhlíonann táirge ceanglais rialacháin theicniúla na Sile.

6. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'dearbhú comhréireachta soláthróra' fianú céadpháirtí arna eisiúint ag an monaróir faoi fhreagracht an mhonaróra sin amháin bunaithe ar thorthaí cineál iomchuí gníomhaíochta um measúnú comhréireachta agus gan measúnú éigeantach tríú páirtí a áireamh, mar chinnteacht go gcomhlíonann táirge rialachán teicniúil ina leagtar amach na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta sin.

7. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 16.14 athbhreithniú ar liosta na réimsí i mír 1 d'Iarscríbhinn 16-B. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh go leasaíonn an Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 16-B, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1).

Airteagal 16.10

Trédhearcacht

1. I gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta faoi seach agus gan dochar do Chaibidil 36, i gcás ina mbeidh mór-rialacháin theicniúla á fhorbairt a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar thrádáil earraí, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh nósanna imeachta um thrédhearcacht ann a chuirfidh ar chumas daoine ó na Páirtithe a dtuairimí a chur in iúl trí phróiseas comhairliúchán poiblí, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna práinneacha chun cinn maidir le sábháilteacht, sláinte, cosaint chomhshaoil nó slándáil náisiúnta nó ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn.

2. Ceadóidh gach Páirtí do dhaoine de chuid an Pháirtí eile páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 faoi théarmaí nach mbeidh níos neamhfhabhraí ná na téarmaí a thabharfar dá chuid daoine féin, agus cuirfidh sé torthaí an phróisis comhairliúcháin sin ar fáil go poiblí.

3. Tar éis dó rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe a tharchur chuig Clárlann Lárnach Fógraí EDT, féachfaidh gach Páirtí le tréimhse 60 lá ar a laghad a thabhairt don Pháirtí eile chun tuairimí i scríbhinn a thabhairt, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna práinneacha a bhaineann le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó slándáil náisiúnta chun cinn nó ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn. Measfaidh Páirtí aon iarraidh réasúnach ón bPáirtí eile ar shíneadh a chur leis an tréimhse barúla.

4. I gcás nach bhfuil an téacs ar tugadh fógra ina leith i gceann de theangacha oifigiúla EDT, cuirfidh gach Páirtí tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar fáil maidir le hinneachar na rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe i bhformáid fógartha EDT.

5. Má fhaigheann Páirtí barúlacha i scríbhinn dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) má iarrann an Páirtí eile air é, na barúlacha i scríbhinn a phlé le rannpháirtíocht a údaráis rialála inniúil, tráth inar féidir na barúlacha sin a chur san áireamh; agus

(b) freagra a thabhairt i scríbhinn ar na barúlacha tráth nach déanaí ná dáta foilsithe an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta.

6. Féachfaidh gach Páirtí lena fhreagraí ar na barúlacha i scríbhinn dá dtagraítear i mír 3 a gheobhaidh sé ón bPáirtí eile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tráth nach déanaí ná an dáta a bhfoilseofar an rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta a glacadh.

7. Soláthróidh gach Páirtí, i gcás go n-iarrfaidh an Páirtí eile í, faisnéis maidir leis na cuspóirí, an bunús dlí agus an réasúnaíocht atá le rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha ag an bPáirtí nó a bhfuil sé beartaithe ag an bPáirtí é a ghlacadh.

8. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil rochtain ar na rialacháin theicniúla agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha aige ar shuímh gréasáin oifigiúla nó trí irisí oifigiúla ar líne, saor in aisce.

9. Trí aguisín a ghabhann leis an bhfógra bunaidh chuig Clárlann Lárnach Fógraí EDT, soláthróidh gach Páirtí faisnéis maidir le glacadh agus teacht i bhfeidhm rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an téacs críochnaitheach arna nglacadh.

10. Fágfaidh gach Páirt go mbeidh eatramh réasúnta idir foilsiú na rialachán teicniúil agus a dteacht i bhfeidhm, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear in Airteagal 2.12 de Chomhaontú BTT. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'eatramh réasúnta' tréimhse nach gairide ná 6 mhí, ach amháin nuair nach mbeadh tréimhse den sórt sin éifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar á saothrú a chomhlíonadh.

11. Measfaidh Páirtí aon iarraidh réasúnta ón bPáirtí eile, a gheofar roimh dheireadh na tréimhse barúla dá dtagraítear i mír 3, maidir le síneadh a chur leis an tréimhse ama idir foilsiú an rialacháin theicniúil agus a theacht i bhfeidhm, ach amháin i gcás ina mbeadh an mhoill neamhéifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha a saothraíodh a chomhlíonadh.

Airteagal 16.11

Marcáil agus lipéadú

1. Dearbhaíonn na Páirtithe go gcomhlíontar prionsabail Airteagal 2.2 de Chomhaontú BTT lena gcuid rialachán teicniúil ina n-áirítear marcáil nó lipéadú nó ina dtugtar aghaidh orthu go heisiach.

2. Mura bhfuil gá leis chun cuspóirí dlisteanacha dá dtagraítear in Airteagal 2.2 de Chomhaontú BTT a chomhlíonadh, déanfaidh Páirtí a éilíonn marcáil nó lipéadú éigeantach táirgí an méid seo a leanas:

(a) ní éileoidh sé ach faisnéis atá ábhartha do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí an táirge nó faisnéis lena léirítear comhréireacht an táirge leis na ceanglais theicniúla éigeantacha;

(b) ní éileoidh sé aon fhormheas, clárú ná deimhniú roimhe ré maidir leis na marcálacha ná na lipéid ar tháirgí, ná aon eisíocaíocht táillí, mar réamhchoinníoll chun táirgí a chur ar a mhargadh lena gcomhlíontar a cheanglais theicniúla éigeantacha seachas sin;

(c) i gcás ina gceanglóidh sé ar oibreoirí eacnamaíocha uimhir aitheantais uathúil a úsáid, eiseoidh sé an uimhir sin d'oibreoirí eacnamaíocha an Pháirtí eile gan moill mhíchuí agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach;

(d) ar choinníoll nach mbeidh sé míthreorach, contrártha nó mearbhlach i ndáil leis an bhfaisnéis a cheanglaíonn Páirtí is allmhaireoir na n-earraí, ceadófar an méid seo a leanas:

(i) faisnéis i dteangacha eile i dteannta na teanga a éilítear sa Pháirtí is allmhaireoir maidir leis na hearraí;

(ii) ainmníochtaí, picteagraim, siombailí nó grafaicí a nglactar leo go hidirnáisiúnta; agus

(iii) faisnéis bhreise i dteannta na faisnéise sin a éilítear i bPáirtí is allmhaireoir na n-earraí;

(e) glacfaidh sé leis go dtarlóidh an lipéadú, lena n-áirítear lipéadú forlíontach nó ceartuithe ar lipéadú, i stóir chustaim nó i limistéir ainmnithe eile sa tír allmhairiúcháin mar rogha ar lipéadú sa tír thionscnaimh mura n-éileofar go ndéanfadh daoine formheasta an lipéadú sin ar chúiseanna sláinte phoiblí nó sábháilteachta; agus

(f) féachfaidh sé le lipéid neamhbhuana nó inbhainte a ghlacadh, nó le faisnéis is ábhartha a áireamh sa doiciméadacht a ghabhann leis an táirge, seachas í a áireamh i lipéid atá i gceangal go fisiciúil leis an táirge.

Airteagal 16.12

Idirphlé teicniúil agus comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis faoi aon ábhar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a sholáthar. Soláthróidh an Páirtí eile an fhaisnéis sin laistigh de thréimhse réasúnta ama.

2. Má mheasann Páirtí go bhféadfadh éifeacht dhíobhálach shuntasach a bheith ag aon dréachtrialachán teicniúil nó ag rialachán teicniúil atá beartaithe nó nós imeachta um measúnú comhréireachta de chuid an Pháirtí eile ar thrádáil idir na Páirtithe, féadfaidh sé pléití teicniúla a iarraidh maidir lena ábhair imní maidir leis an mbeart. Déanfar an t-iarraidh sin i scríbhinn agus sainaithneofar ann:

(a) an beart;

(b) na forálacha den Chaibidil seo lena mbaineann ábhair imní an Pháirtí iarrataigh; agus

(c) na cúiseanna atá leis an iarraidh, lena n-áirítear tuairisc ar ábhair imní an Pháirtí iarrataigh maidir leis an mbeart.

3. Cuirfidh an Páirtí iarraidh de bhun an Airteagail seo chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile arna ainmniú bhun Airteagal 16.13.

4. Ar iarraidh ó Pháirtí, tiocfaidh na Páirtithe le chéile chun na hábhair imní ardaíodh san iarraidh dá dtagraítear i mír 2 a phlé, go pearsanta nó trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil, laistigh de 60 lá ó dháta an iarrata. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht chun teacht ar réiteach ar an ábhar sin a bheidh chun sástacht a chéile.

5. Má mheasann an Páirtí iarrthach go bhfuil práinn leis an ábhar, féadfaidh sé a iarraidh ar an bPáirtí eile bualadh le chéile laistigh de thréimhse ama níos giorra. Breithneoidh an Páirtí eile an iarraidh sin.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an Airteagal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí ceachtar Páirtí faoi Chaibidil 38.

Airteagal 16.13

Pointí teagmhála

1. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun comhar agus comhordú faoin gCaibidil seo a éascú agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina mhionsonraí teagmhála. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

2. Oibreoidh na pointí teagmhála i gcomhpháirt chun cur chun feidhme na Caibidle seo agus an comhar idir na Páirtithe maidir le gach ábhar a bhaineann le bacainní teicniúla ar thrádáil a éascú. Déanfaidh na pointí teagmhála na nithe seo a leanas:

(a) na plé teicniúil agus comhairliúcháin theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 16.12 a eagrú;

(b) aghaidh a thabhairt go pras ar shaincheist a tharraingeoidh Páirtí anuas maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a fhorbairt, a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm;

(c) arna iarraidh sin do Pháirtí, plé a shocrú maidir le haon ní a éiríonn as an gCaibidil seo; agus

(d) faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí i bhfóraim neamhrialtais, réigiúnacha agus iltaobhacha a bhaineann le rialacháin theicniúla, caighdeáin, agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

3. Déanfaidh na pointí teagmhála cumarsáid lena chéile trí aon mhodh comhaontaithe a bheidh iomchuí chun a bhfreagrachtaí a dhéanamh.

Airteagal 16.14

An Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil

Déanfaidh an Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil ('Fochoiste') a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8(1) an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme agus riar na Caibidle seo;

(b) cuirfidh sé leis an gcomhar maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a fhorbairt agus a fheabhsú;

(c) bunóidh sé réimsí tosaíochta leasa fhrithpháirtigh a ndéanfar obair ina leith amach anseo faoin gCaibidil seo agus déanfaidh sé machnamh ar thograí le haghaidh tionscnaimh nua;

(d) déanfaidh sé faireachán agus plé ar an méid a thiteann amach faoi Chomhaontú BTT; agus

(e) déanfaidh sé aon bheart eile a mheasann na Páirtithe a bheidh ina chúnamh dóibh chun an Chaibidil seo agus Comhaontú BTT a chur chun feidhme.

CAIBIDIL 17

INFHEISTÍOCHT

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 17.1

Raon feidhme

Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí a bhaineann le hinstitiúidí airgeadais an Pháirtí eile, le hinfheisteoirí an Pháirtí eile nó le hinfheistíochtaí na n-infheisteoirí sin in institiúidí airgeadais i gcríoch an Pháirtí sin, mar a shainmhínítear in Airteagal 25.2.

Airteagal 17.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C:

(a) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí arna ndéanamh i bhfeidhmiú údaráis rialtais' gníomhaíochtaí, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraítear, nach ndéantar ar bhonn tráchtála ná in iomaíocht le hoibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaigh' na gníomhaíochtaí sin arna ndéanamh le haerárthach nó le cuid de le linn dó a bheith tarraingthe siar ó sheirbhís, agus ní áirítear leo an ní ar a dtugtar gnáthchothabháil;

(c) ciallaíonn 'seirbhísí córais áirithinte ar ríomhaire (CRS)' seirbhís a sholáthraítear le córais ríomhairithe ina bhfuil faisnéis faoi sceidil, infhaighteacht, táillí agus rialacha táillí aeriompróirí, ar córais iad trínar féidir áirithintí a dhéanamh nó ticéid a eisiúint;

(d) ciallaíonn 'infheistíocht faoi chumhdach' infheistíocht atá faoi úinéireacht nó faoi rialú díreach nó indíreach infheisteoir amháin nó níos mó de chuid Páirtí i gcríoch an Pháirtí eile, a rinneadh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, agus arb ann di ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó ar bunaíodh ina dhiaidh sin í;

(e) ciallaíonn 'soláthar trasteorann seirbhísí' seirbhís a sholáthar:

(i) ó chríoch Páirtí isteach i gcríoch an Pháirtí eile; nó

(ii) i gcríoch Páirtí chuig tomhaltóir seirbhíse an Pháirtí eile;

(f) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí eacnamaíocha' aon ghníomhaíocht de chineál tionsclaíoch, tráchtála nó gairmiúil nó gníomhaíochtaí aos ceirde, lena n-áirítear soláthar seirbhísí, ach amháin gníomhaíochtaí arna ndéanamh i bhfeidhmiú údaráis rialtais;

(g) ciallaíonn 'fiontar' duine dlítheanach, brainse nó oifig ionadaíochta arna mbunú trí bhunaíocht;

(h) ciallaíonn 'bunú' fiontar a bhunú, lena n-áirítear é a éadáil ([24]), ag infheisteoir de chuid Páirtí i gcríoch an Pháirtí eile;

(i) ciallaíonn 'airgeadra inmhalartaithe go héasca' airgeadra a thrádáiltear go forleathan i margaí malairte eachtraí idirnáisiúnta agus a úsáidtear go forleathan in idirbhearta idirnáisiúnta;

([24]) Tuigtear leis an téarma 'éadáil' rannpháirtíocht chaipitiúil i nduine dlítheanach d'fhonn naisc eacnamaíocha a bhunú nó a choinneáil ar bun.

(j) ciallaíonn 'seirbhísí láimhseála ar an talamh' na seirbhísí seo a leanas a chuirtear ar fáil ag aerfort ar bhonn táille nó conartha: ionadaíocht, riarachán agus maoirseacht aeriompróra; láimhseáil paisinéirí; láimhseáil bagáiste; seirbhísí rampa; lónadóireacht, ach amháin i gcás bia a ullmhú; láimhseáil aerlasta agus poist; breoslú aerárthaigh, seirbhísiú agus glanadh aerárthaigh; iompar de mhuir agus de thír; agus oibriú eitilte, riar foirne agus pleanáil eitiltí; ní áirítear na seirbhísí seo a leanas le seirbhísí láimhseála ar an talamh: féinseirbhís láimhseála; slándáil; gnáthchothabháil; deisiú agus cothabháil aerárthaí; nó bonneagar láraithe aerfoirt, atá fíor-riachtanach, a bhainistiú nó a oibriú, amhail saoráidí dí-oighrithe, córais dáilte breosla, córais láimhseála bagáiste agus córais iompair fhosaithe laistigh den aerfort;

(k) ciallaíonn 'infheistíocht' aon tsócmhainn atá faoi úinéireacht nó faoi rialú díreach nó indíreach infheisteora, a bhfuil saintréithe infheistíochta aici, lena n-áirítear fad ama áirithe, gealltanas caipitil nó acmhainní eile, an t-ionchas go ndéanfaí gnóthachan nó brabús, nó glacadh riosca; is féidir go n-áireofar iad seo a leanas leis na foirmeacha infheistíochta a bheidh ann:

(i) fiontar;

(ii) scaireanna, stoic agus foirmeacha eile rannpháirtíochta cothromais i bhfiontar;

(iii) bannaí, bintiúir agus ionstraimí fiachais eile de chuid fiontair;

(iv) todhchaíochtaí, roghanna agus díorthachtaí eile;

(v) lamháltais, ceadúnais, údaruithe, ceadanna agus cearta comhchosúla a bhronntar de bhun an dlí intíre ([25]);

(vi) conarthaí foirgníochta lándéanta, conarthaí foirgníochta, bainistíochta, táirgthe, lamháltais, nó comhroinnte brabúis agus conarthaí comhchosúla eile, lena n-áirítear conarthaí a bhfuil láithreacht maoine infheisteora i gcríoch Páirtí ag baint leo;

(vii) cearta maoine intleachtúla;

(viii) aon mhaoin shochorraithe nó dhochorraithe eile, bíodh sí inláimhsithe nó doláimhsithe, maoin agus cearta maoine gaolmhara, amhail léasanna, morgáistí, liain, agus gealltáin;

ar mhaithe le cinnteacht níos fearr:

(i) torthaí a infheistítear, caitear leo mar infheistíochtaí agus aon athrú ar an bhfoirm ina ndéanfar sócmhainní a infheistiú nó a athinfheistiú, ní dhéanann sé difear dá gcáiliú mar infheistíochtaí, ar choinníoll go gcoinníonn an fhoirm a ghlac aon infheistíocht nó athinfheistíocht comhlíontacht an tsainmhínithe ar infheistíocht i gcónaí;

(ii) ní áirítear in 'Infheistíocht' ordú nó breithiúnas a cuireadh isteach i ngníomhaíocht bhreithiúnach nó riaracháin;

(l) ciallaíonn 'infheisteoir de chuid Páirtí' duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí a fhéachann le fiontar a bhunú, a bhfuil fiontar á bhunú aige nó a bhunaigh fiontar i gcomhréir le fomhír (h);

(m) ciallaíonn 'duine dlítheanach de chuid Páirtí' ([26]):

(i) i gcás an Pháirtí AE:

(A) duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi dhlí ceann amháin dá Bhallstáit ar a laghad agus atá i mbun oibríochtaí gnó substainteacha ([27]) i gcríoch an Aontais Eorpaigh; agus

([25]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cibé acu atá saintréithe infheistíochta ag lamháltas, ceadúnas, údarú, cead nó uirlis den sórt céanna nó nach bhfuil, braitheann sé sin, *inter alia,* ar fhachtóirí amhail nádúr agus méid na gceart atá ag an sealbhóir faoi dhlí an Pháirtí sin.

([26]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheastar gur daoine dlítheanacha de chuid Páirtí iad na cuideachtaí loingseoireachta dá dtagraítear sa sainmhíniú seo ach amháin i leith a ngníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí muiriompair a sholáthar.

([27]) I gcomhréir lena fhógra faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh don EDT (WT/REG39/1), tá an tuiscint ag an bPáirtí AE gurb ionann an coincheap 'nasc éifeachtach agus leanúnach' le geilleagar Ballstáit den Aontas Eorpach atá cumhdaithe in Airteagal 54 de CFAE coibhéiseach agus an coincheap 'oibríochtaí gnó substainteacha'.

(B) cuideachtaí loingseoireachta a bunaítear lasmuigh den Aontas Eorpach, agus atá á rialú ag daoine nádúrtha de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach, a bhfuil a soithí cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach agus a bhfuil bratach an Bhallstáit ar foluain acu;

(ii) i gcás na Sile:

(A) duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí na Sile agus atá ag gabháil d'oibríochtaí gnó substainteacha i gcríoch na Sile; agus

(B) cuideachtaí loingseoireachta atá bunaithe lasmuigh den tSile, agus atá á rialú ag daoine nádúrtha de chuid na Sile, a bhfuil a soithí cláraithe sa tSile agus a bhfuil bratach na Sile ar foluain acu;

(n) ciallaíonn 'oibriú' fiontar a sheoladh, a bhainistiú, a chothabháil, a úsáid, tairbhiú dó, nó é a dhíol nó cineál eile diúscartha fiontair; ag infheisteoir de chuid Páirtí i gcríoch an Pháirtí eile;

(o) ciallaíonn 'torthaí' na méideanna uile a fuarthas ó infheistíocht nó ó athinfheistíocht, lena n-áirítear brabúis, díbhinní, gnóchain chaipitiúla, ríchíosanna, ús, íocaíochtaí i ndáil le cearta maoine intleachtúla, íocaíochtaí comhchineáil agus gach ioncam dleathach eile;

(p) ciallaíonn 'díol agus margaíocht seirbhísí aeriompair' na deiseanna atá ag an aeriompróir lena mbaineann a chuid seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú faoi shaoirse, lena n-áirítear gach gné den mhargaíocht, amhail taighde margaidh, fógraíocht agus dáileadh; ní áirítear leis na gníomhaíochtaí sin praghsáil seirbhísí aeriompair ná na coinníollacha is infheidhme;

(q) ciallaíonn 'seirbhís' aon seirbhís in aon earnáil seachas seirbhísí arna soláthar i bhfeidhmiú údaráis rialtais; agus

(r) ciallaíonn 'Binse' an Binse céadchéime arna bhunú de bhun Airteagal 17.34.

Airteagal 17.3

An ceart chun rialála

Deimhníonn na Páirtithe an ceart chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar shampla sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas, sábháilteacht, an comhshaol, lena n-áirítear athrú aeráide, agus an mhoráltacht phoiblí a chosaint, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideacht agus cosaint sonraí nó éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint.

Airteagal 17.4

Gaol le caibidlí eile

1. I gcás neamhréireacht a bheith idir an Chaibidil seo agus Caibidil 25, is ag Caibidil 25 a bheidh tosaíocht a mhéid atá siad ar neamhréir le chéile.

2. Aon cheanglas a chuireann Páirtí ar sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile bannaí nó cineál eile urrúis airgeadais a phostáil mar choinníoll le haghaidh seirbhís trasteorann a sholáthar ina chríoch, ní fhágann sin ina aonar go mbíonn feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a ghlacann an Páirtí nó a choinníonn sé ar bun maidir le soláthar trasteorann na seirbhíse sin. Bíonn feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a ghlacann an Páirtí nó a choinníonn sé ar bun maidir leis an mbanna nó leis an urrús airgeadais postáilte más rud é gur infheistíocht faoi chumhdach é an banna nó an t-urrús airgeadais sin.

Airteagal 17.5

Diúltú sochar

Féadfaidh Páirtí sochair na Caibidle seo a dhiúltú d'infheisteoir den Pháirtí eile, nó d'infheistíocht faoi chumhdach, má ghlacann nó má choinníonn an Páirtí diúltaithe bearta a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil, lena n-áirítear cearta an duine a chosaint, ar bearta iad:

(a) lena ndéantar idirbhearta leis an infheisteoir nó an infheistíocht faoi chumhdach sin a thoirmeasc; nó

(b) a sharófaí nó a rachfaí timpeall orthu más rud é gur tugadh sochair na Caibidle seo don infheisteoir nó don infheistíocht faoi chumhdach sin, lena n-áirítear i gcás ina dtoirmisctear leis na bearta idirbhearta le duine ar leis ceachtar acu nó a bhfuil ceachtar acu faoina rialú.

Airteagal 17.6

An Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht

Bunaítear an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht ('Fochoiste') de bhun Airteagal 8.8(1). Agus aird á tabhairt ar ábhair a bhaineann leis an infheistíocht, déanfaidh an Fochoiste faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C, agus áiritheoidh sé cur chun feidhme ceart na Caibidle seo.

ROINN B

LÉIRSCAOILEADH INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS NEAMH-IDIRDHEALÚ

Airteagal 17.7

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta, arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí ina chríoch, lena ndéantar difear do bhunú fiontair nó d'oibriú infheistíochta faoi chumhdach i ngach gníomhaíocht eacnamaíoch ag infheisteoir de chuid an Pháirtí.

2. Níl feidhm ag an Roinn seo maidir leis na nithe a leanas:

(a) seirbhísí closamhairc;

(b) cabatáiste muirí náisiúnta ([28]); nó

(c) seirbhísí aeir náisiúnta agus idirnáisiúnta nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le seirbhísí aeir ([29]), bíodh siad sceidealaithe nó ná bíodh, agus seirbhísí a bhaineann go díreach le feidhmiú ceart tráchta, seachas:

(i) seirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaigh a dtugtar aerárthach as seirbhís le linn a bhfeidhmiú;

(ii) díol agus margaíocht seirbhísí aeriompair;

(iii) seirbhísí córais áirithinte ar ríomhaire (CAR); agus

(iv) seirbhísí láimhseála ar an talamh.

3. Níl feidhm ag Airteagail 17.8, 17.9, 17.11, 17.12 ná 17.13 maidir le soláthar poiblí.

4. Níl feidhm ag Airteagail 17.8, 17.9, 17.11 ná 17.13 maidir le fóirdheontais arna soláthar ag Páirtí, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

([28]) Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, cumhdaíonn cabatáiste náisiúnta muirí faoin gCaibidil seo paisinéirí nó earraí a iompar idir calafort nó pointe atá suite sa tSile nó i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa tSile nó sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite sa tSile nó i mBallstát den Aontas Eorpach.

([29]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le haersheirbhísí nó seirbhísí gaolmhara mar thaca le haersheirbhísí, áirítear na seirbhísí seo a leanas: an t-aeriompar; seirbhísí a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aerárthach nach é is príomhchuspóir dó earraí nó paisinéirí a iompar, amhail oiliúint eitilte maidir le haerchomhrac dóiteáin, fámaireacht, spraeáil, suirbhéireacht, mapáil, grianghrafadóireacht, léim pharaisiúit, tarraingt faoileoirí, ardú le héileacaptar chun lománaíocht agus tógáil a dhéanamh, agus aersheirbhísí talmhaíochta, tionsclaíocha agus cigireachta eile; aerárthaí a fháil ar cíos le criú; agus seirbhísí oibriúcháin aerfoirt.

Airteagal 17.8

Rochtain ar an margadh

Sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha ina ndéantar gealltanais i ndáil le rochtain ar an margadh, ní dhéanfaidh Páirtí beart a ghlacadh ná a choinneáil ar bun, i ndáil le rochtain ar an margadh, trí bhunú nó trí oibriú ag infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile nó ag fiontair ar infheistíocht faoi chumhdach í, cibé acu ar bhonn a chríche uile nó ar bhonn foroinn chríochach , ar beart é lena ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) líon na bhfiontar a fhéadfaidh gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach a dhéanamh, bíodh sé i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí nó cearta eisiacha nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(b) teorainn a chur le luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(c) an líon iomlán oibríochtaí nó cainníocht iomlán an aschuir arna shloinneadh mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch ([30]);

(d) lena ndéanfar cineálacha sonracha eintitis dhlíthiúil nó comhfhiontair trínar féidir le hinfheisteoir de chuid an Pháirtí eile gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh a shrianadh nó lena ndéanfar riachtanach iad; nó

(e) an líon iomlán daoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil ar leith nó a fhéadfar a fhostú i bhfiontar agus atá riachtanach le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch, agus atá bainteach go díreach leis an ngníomhaíocht sin.

Airteagal 17.9

Cóir náisiúnta

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus d'fhiontair ar infheistíocht faoi chumhdach í, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([31]), dá infheisteoirí agus dá bhfiontair féin, maidir leis an mbunú.

2. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus d'infheistíochtaí faoi chumhdach, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([32]), dá infheisteoirí agus dá bhfiontair féin, maidir lena n-oibriú.

3. Is éard is brí leis an gcóir a thugann Páirtí faoi mhíreanna 1 agus 2:

(a) maidir le rialtas réigiúnach nó áitiúil de chuid na Sile, ciallaíonn sé cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí a thugann an rialtas sin, i gcúinsí den chineál céanna, d'infheisteoirí na Sile agus dá n-infheistíochtaí ina críoch;

(b) maidir le rialtas Ballstáit den Aontas Eorpach nó rialtas i mBallstát den Aontas Eorpach, ciallaíonn sé cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí a thugann an rialtas sin, i gcúinsí den chineál céanna, d'infheisteoirí an Bhallstáit sin agus dá n-infheistíocht ina chríoch ([33]).

([30]) Ní chumhdaítear le fomhíreanna (a), (b) agus (c) bearta a dhéantar chun táirgeadh táirge talmhaíochta nó iascaigh a theorannú.

([31]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

([32]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

([33]) Ar maithe le cinnteacht níos fearr, an chóir a thugann rialtas Ballstáit nó rialtas i mBallstát, áirítear leis sin an leibhéal réigiúnach rialtais agus an leibhéal áitiúil rialtais, i gcás inarb infheidhme.

Airteagal 17.10

Soláthar poiblí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar cóir d'fhiontair ar infheistíocht faoi chumhdach í, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugtar, i gcúinsí den chineál céanna, dá bhfiontair féin i ndáil le haon bheart maidir le ceannach earraí nó seirbhísí ag eintiteas soláthair chun críoch rialtais.

2. Cur i bhfeidhm na hoibleagáide cóireála náisiúnta dá bhforáiltear san Airteagal seo, tá sé de bheith faoi réir eisceachtaí slándála agus eisceachtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 28.3.

Airteagal 17.11

Cóir an náisiúin barrfhabhair

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus d'fhiontair ar infheistíocht faoi chumhdach í, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([34]), d'infheisteoirí de chuid tríú tír agus dá bhfiontair, maidir leis an mbunú.

2. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus dá n-infheistíochtaí faoi chumhdach, i ndáil leis an oibriú, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([35]), d'infheisteoirí de chuid tríú tír agus dá bhfiontair.

3. Ní fhorléireofar míreanna 1 agus 2 mar mhíreanna chun a chur d'oibleagáid ar Pháirtí tairbhe aon chóra a thabhairt d'infheisteoirí an Pháirtí eile nó d'infheistíochtaí faoi chumhdach, ar cóir í a eascraíonn as bearta lena ndéantar foráil d'aitheantas a thabhairt do na caighdeáin, lena n-áirítear do na caighdeáin nó do na critéir chun duine nádúrtha nó fiontar a údarú, nó chun ceadúnas nó deimhniúchán a thabhairt dóibh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, nó aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear nósanna imeachta um réiteach díospóidí infheistíochta ná sásraí dá bhforáiltear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta leis an gcóir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Ní hionann na forálacha substainteacha iad féin atá i gconarthaí infheistíochta idirnáisiúnta nó i gcomhaontuithe trádála eile agus 'cóir' dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, agus mar sin ní fhéadfadh sárú an Airteagail seo a bheith mar thoradh orthu, in éagmais bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun. Féadfaidh bearta Páirtí, a chuirtear i bhfeidhm de bhun forálacha substainteacha den sórt sin, a bheith ina 'cóir' faoin Airteagal seo agus, dá bhrí sin, féadfaidh sárú ar an Airteagal seo eascairt astu.

Airteagal 17.12

Ceanglais feidhmíochta

1. Ní dhéanfaidh Páirtí, i ndáil le bunú fiontair nó le hoibriú infheistíochta de chuid Páirtí nó de chuid tríú tír ina críoch, aon cheanglas a fhorchur ná a fhorfheidhmiú, ná aon ghealltanas ná tiomantas a fhorfheidhmiú:

(a) leibhéal nó céatadán ar leith d'earraí nó seirbhísí a onnmhairiú;

(b) leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;

(c) tosaíocht a thabhairt d'earra a tháirgtear nó do sheirbhís a sholáthraítear ina chríoch nó earraí nó seirbhísí a cheannach nó a úsáid, nó earraí nó seirbhísí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó ó fhiontair ina chríoch;

(d) méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar bhealach ar bith le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreabh malairte eachtraí atá bainteach leis an infheistíocht sin;

(e) chun srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann an fiontar sin nó a sholáthraíonn sé, trí na díolacháin sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a insreabh malairte eachtraí ar bhealach ar bith;

([34]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

([35]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

(f) teicneolaíocht, próiseas táirgthe nó eolas dílsithe eile a aistriú chuig duine nádúrtha nó chuig fiontar ina chríoch;

(g) chun na hearraí a tháirgeann sé nó na seirbhísí a sholáthraíonn sé a sholáthar go heisiach ó chríoch an Pháirtí sin do réigiún ar leith nó don mhargadh domhanda;

(h) chun ceanncheathrú an infheisteora sin a shuí le haghaidh réigiún sonrach den domhan atá níos leithne ná críoch an Pháirtí nó an margadh domhanda ina chríoch;

(i) líon nó céatadán áirithe dá náisiúnaigh a earcú;

(j) srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú; nó

(k) maidir le haon chonradh ceadúnais a bheidh ann tráth a fhorchuirfear nó a fhorfheidhmeofar an ceanglas, nó aon ghealltanas nó gnóthas a fhorfheidhmeofar, nó aon chonradh ceadúnais amach anseo ([36]) a dhéanfar faoi shaoirse idir an t-infheisteoir agus duine nádúrtha nó duine dlítheanach nó aon eintiteas eile ina chríoch, ar choinníoll go bhforchuirfear nó go gcuirfear i bhfeidhm an ceanglas nó go bhforfheidhmeofar an gealltanas nó an gnóthas, ar bhealach arb ionann é agus cur isteach go díreach ar an gconradh ceadúnais sin trí údarás rialtasach neamhbhreithiúnach de chuid Páirtí a fheidhmiú, chun na nithe seo a leanas a ghlacadh:

(i) ráta nó méid áirithe ríchíosa faoi bhun leibhéal áirithe faoi chonradh ceadúnais; nó

(ii) fad áirithe téarma maidir le conradh ceadúnais.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag fomhír (k) de mhír 1 nuair a thugtar an conradh ceadúnais i gcrích idir an t-infheisteoir agus Páirtí.

3. I ndáil le Páirtí nó tríú tír fiontar a bhunú nó a oibriú ina chríoch, ní chuirfidh Páirtí comhlíonadh aon cheann de na ceanglais seo a leanas mar choinníoll le buntáiste a fháil nó leanúint de bhuntáiste a fháil:

(a) chun leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;

(b) tosaíocht a thabhairt d'earra a tháirgtear nó do sheirbhís a sholáthraítear ina chríoch nó earraí nó seirbhísí a cheannach nó a úsáid, nó earraí nó seirbhísí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó ó fhiontair ina chríoch;

(c) chun méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar bhealach ar bith le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreabh malairte eachtraí atá bainteach leis an infheistíocht sin;

(d) chun srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann an fiontar sin nó a sholáthraíonn sé, trí na díolacháin sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a insreabh malairte eachtraí ar bhealach ar bith; nó

(e) srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú.

4. Ní fhorléireofar mír 3 mar mhír lena gcuirtear cosc ar Pháirtí coinníoll a dhéanamh de bhuntáiste a fháil nó a fháil go leanúnach, i dtaca le fiontar a bheith á bhunú nó á oibriú ina chríoch ag infheisteoir de chuid Páirtí nó tríú tír, ar chomhlíonadh ceanglais maidir le táirgeadh a lonnú, seirbhís a sholáthar, oibrithe a oiliúint nó a fhostú, saoráidí áirithe a thógáil nó a leathnú, nó taighde agus forbairt a dhéanamh ina chríoch.

5. Ní bheidh feidhm ag fomhíreanna (f) ná (k) de mhír 1 sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair a údaraíonn Páirtí ceart maoine intleachtúla a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31 nó le hAirteagal 31*bis* de Chomhaontú TRIPS, nó nuair a ghlacann nó nuair a chothaíonn sé bearta lena ndéantar den riachtanas é go nochtar sonraí nó faisnéis dílseánaigh a thagann faoi raon feidhme mhír 3 d'Airteagal 39 de Chomhaontú TRIPS agus atá comhsheasmhach léi; nó

([36]) Ciallaíonn conradh ceadúnais dá dtagraítear sa fhomhír seo aon chonradh a bhaineann le ceadúnú teicneolaíochta, próiseas táirgthe, nó faisnéis dílseánaigh eile.

(b) go bhforchuirtear nó go gcuirtear i bhfeidhm an ceanglas, nó go bhforfheidhmíonn cúirt, binse riaracháin, nó údarás iomaíochta an gealltanas nó an gnóthas chun cleachtas a leigheas a chinntear tar éis próiseas breithiúnach nó riaracháin a bheith ina shárú ar dhlí iomaíochta an Pháirtí.

6. Níl feidhm ag fomhíreanna (a), (b) ná (c) de mhír 1 ná ag pointí (a) ná (b) de mhír 3 maidir le ceanglais cháilíochta le haghaidh earraí nó seirbhísí i ndáil le rannpháirtíocht i gcláir chun onnmhairiú a spreagadh ná i gcláir um chúnamh eachtrach.

7. Níl feidhm ag fomhíreanna (a) ná (b) de mhír 3 maidir le ceanglais arna bhforchur ag Páirtí is allmhaireoir maidir leis an ábhar nach mór a bheith le fáil in earra chun go gcáileoidh sé le haghaidh taraifí fabhracha nó cuótaí fabhracha.

8. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí cead a thabhairt seirbhís ar leith a sholáthar ar bhonn trasteorann i gcás ina nglacfaidh nó ina gcothóidh an Páirtí sin srianta nó toirmisc ar an soláthar seirbhísí sin a bheidh i gcomhréir leis na forchoimeádais, na coinníollacha nó na cáilíochtaí a shonraítear maidir le hearnáil, fo-earnáil nó gníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C.

9. Tá an tAirteagal seo gan dochar do ghealltanais a rinne Páirtí faoi Chomhaontú EDT.

Airteagal 17.13

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ní cheanglóidh Páirtí ar fhiontar an Pháirtí sin, ar infheistíocht faoi chumhdach é, daoine nádúrtha d'aon náisiúntacht ar leith a cheapadh mar chomhaltaí de bhoird stiúrthóirí, nó i bpost ardbhainistíochta, amhail feidhmeannaigh nó bainisteoirí.

Airteagal 17.14

Bearta neamh-chomhréireacha

1. Níl feidhm ag Airteagail 17.9, 17.11, 17.12 agus 17.13 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana a gcoinníonn aon cheann de na comhlachtaí seo a leanas ar bun é:

(i) i gcás an Pháirtí AE:

(A) an tAontas Eorpach, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1;

(B) rialtas láir Ballstáit, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1;

(C) leibhéal réigiúnach rialtais Ballstáit, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1; nó

(D) leibhéal áitiúil rialtais; agus

(ii) i gcás na Sile:

(A) an rialtas láir, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-2;

(B) leibhéal réigiúnach rialtais, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-2; nó

(C) leibhéal áitiúil rialtais;

(b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo, nó athnuachan pras birt neamh-chomhréirigh; nó

(c) modhnú ar bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo a mhéid nach laghdaíonn an leasú comhréireacht an bhirt, mar a bhí sé ann díreach roimh an modhnú, le hAirteagal 17.9, 17.11, 17.12 ná 17.13.

2. Níl feidhm ag Airteagal 17.9, 17.11, 17.12 agus 17.13 maidir le bearta de chuid Páirtí maidir le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí, mar a leagtar amach sa sceideal a ghabhann le hIarscríbhinn 17-B.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí, faoi aon bheart arna ghlacadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chumhdaítear leis na forchoimeádais a leagtar amach in Iarscríbhinn 17-B, a cheangal ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, mar gheall ar a náisiúntacht, infheistíocht faoi chumhdach atá ann tráth a dtiocfaidh an beart atá ann cheana a dhíol nó fáil réidh léi ar shlí eile.

4. Níl feidhm ag Airteagal 17.8 maidir le haon bheart de chuid Páirtí atá i gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach in Iarscríbhinn 17-C.

5. Níl feidhm ag Airteagail 17.9 agus 17.11 maidir le haon bheart de chuid Páirtí arb é atá ann eisceacht nó maolú ar Airteagal 3 nó 4 de Chomhaontú TRIPS, dá bhforáiltear go speisialta in Airteagail 3, 4 agus 5 den Chomhaontú sin.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanfar Airteagail 17.9 agus 17.11 a fhorléiriú mar Airteagail lena gcuirtear cosc ar Pháirtí ceanglais faisnéise a fhorordú, lena n-áirítear chun críoch staidrimh, i dtaca le hinfheisteoirí de chuid an Pháirtí eile nó de chuid infheistíocht faoi chumhdach a bhunú nó a oibriú, ar choinníoll nach bealach é chun dul timpeall ar oibleagáidí an Pháirtí sin faoi na hAirteagail sin.

ROINN C

COSAINT INFHEISTÍOCHTA

Airteagal 17.15

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna choinneáil ar bun ag Páirtí, ar beart é lena ndéanfaí difear do na nithe seo a leanas:

(a) infheistíochtaí faoi chumhdach; agus

(b) infheisteoirí de chuid Páirtí i ndáil le hoibriú infheistíochta faoi chumhdach.

Airteagal 17.16

Bearta infheistíochta agus rialála

1. Tá feidhm ag Airteagal 17.3 maidir leis an Roinn seo i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Ní léireofar an Roinn seo mar ghealltanas ag Páirtí gan a chreat rialála agus dlíthiúil a athrú, lena n-áirítear ar bhealach lena bhféadfaí tionchar diúltach a imirt ar oibriú infheistíochtaí faoi chumhdach nó ionchais an infheisteora i ndáil le brabús a dhéanamh.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní leor ann féin fóirdheontas nó deontas a eisiúint, a athnuachan nó a choinneáil ar bun, nó a mhodhnú nó a laghdú, chun sárú ar oibleagáidí faoin Roinn seo a bheith ann, fiú má tharlaíonn caillteanas nó damáiste don infheistíocht faoi chumhdach mar thoradh air sin:

(a) in éagmais aon ghealltanais shonraigh faoin dlí nó faoi chonradh an fóirdheontas nó an deontas sin a eisiúint, a athnuachan nó a choinneáil ar bun; nó

(b) i gcomhréir le haon téarmaí nó coinníollacha atá ceangailte leis an bhfóirdheontas nó an deontas sin a eisiúint, a athnuachan, a choinneáil, a mhodhnú, nó a laghdú ar bun.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar aon ní sa Roinn seo mar ní lena gcuirfí cosc ar Pháirtí scor d'fhóirdheontas a dheonú ([37]) nó aisíocaíocht an fhóirdheontais a iarraidh, i gcás inar ordaigh ceann dá údaráis inniúla an ghníomhaíocht sin ([38]), nó ní fhorléireofar aon ní inti lena gceanglófaí ar an bPáirtí sin an t-infheisteoir a chúiteamh ina leith.

Airteagal 17.17

Cóir d'infheisteoirí agus d'infheistíochtaí faoi chumhdach

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir chothrom agus chomhionann ina chríoch d'infheistíochtaí faoi chumhdach agus infheisteoirí an Pháirtí eile, maidir lena n-infheistíochtaí faoi chumhdach, agus tabharfaidh sé cosaint agus slándáil iomlán dóibh i gcomhréir le míreanna 2 go 6.

2. Sháródh Páirtí oibleagáid na córa cothroime agus comhionainne dá dtagraítear i mír 1 dá mbeadh aon cheann den mhéid seo a leanas i gceist le beart nó le sraith beart ([39]):

(a) séanadh an cheartais in imeachtaí coiriúla, sibhialta nó riaracháin;

(b) sárú bunúsach ar phróis chuí in imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin;

(c) treallachas follasach;

(d) idirdhealú spriocdhírithe ar fhorais atá éagórach go follasach, amhail inscne, cine nó creideamh reiligiúnach; nó

(e) cóir dhrochídeach d'infheisteoirí, amhail comhéigean, éigeantas, ciapadh.

3. Agus an sárú dá dtagraítear i mír 2 á chinneadh, féadfaidh an Binse uiríll shonracha gan débhrí a rinne Páirtí chuig infheisteoir a chur san áireamh, a raibh an t-infheisteoir ag brath air go réasúnach agus é ag cinneadh an infheistíocht faoi chumhdach a dhéanamh nó a choinneáil ar bun, ach ar chuir an Páirtí ó rath é ina dhiaidh sin.

4. Tagraíonn cosaint agus slándáil iomlán dá dtagraítear i mír 1 d'oibleagáidí an Pháirtí maidir le slándáil fhisiceach infheisteoirí agus infheistíochtaí faoi chumhdach ([40]).

5. Ar mhaithe le tuilleadh cinnteachta, ní sárú ar an Airteagal seo é sárú ar fhoráil eile den Chomhaontú seo, nó sárú d'aon chomhaontú idirnáisiúnta eile.

6. Ní shuitear, ann féin nó as féin, leis an bhfíoras go sáraíonn beart dlí de chuid Páirtí gur sáraíodh an tAirteagal seo. Chun a áirithiú cé acu an sáraíonn an beart an tAirteagal seo nó nach sáraíonn, breithneoidh an Binse ar cé acu a ghníomhaigh Páirtí go neamh-comhsheasmhach le míreanna 1 go 4 nó nár ghníomhaigh.

([37]) I gcás an Pháirtí AE, tá 'státchabhair', mar a shainmhínítear í i ndlí an Aontais, ar áireamh le 'fóirdheontas'.

([38]) I gcás an Pháirtí AE, is iad an Coimisiún Eorpach nó cúirt nó binse de chuid Ballstáit na húdaráis inniúla atá i dteideal na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo a ordú, agus dlí an Aontais maidir le Státchabhair á chur i bhfeidhm acu.

([39]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, agus cinneadh á dhéanamh aige an sárú ar oibleagáid chóir chothrom agus chomhionann atá sa bheart nó sa tsraith beart, cuirfidh an Binse an méid seo a leanas san áireamh, i measc nithe eile:

(i) maidir le fomhíreanna (a) agus (b), cé acu a bhí nó nach raibh mí-iompar tromchúiseach nach mbeadh inghlactha ag breithiúna i gceist leis an mbeart nó leis an tsraith beart; ní hionann an fíoras ann féin, gur diúltaíodh nó gur díbheadh, i nós imeachta intíre, dúshlán ag infheisteoir in aghaidh an bhirt iomardaithe, gur séanadh ceartas dá dtagraítear i bhfomhír (a) ná gur theip ar an dúshlán ar bhealach eile;

(ii) maidir le fomhíreanna (c) agus (d), cé acu arbh é nach raibh an beart nó an tsraith beart bunaithe go follasach ar réasúnaíocht nó ar fhíoras, nó go raibh siad bunaithe go follasach ar fhorais neamhdhlisteanacha amhail dochar nó claontacht; ní hionann iontu féin neamhdhleathacht, nó cur i bhfeidhm neamh-chomhsheasmhach nó amhrasach beartas nó nós imeachta, agus treallachas follasach dá dtagraítear i bhfomhír (c), cé gur dóchúil gur treallachas nó idirdhealú follasach, dá dtagraítear i bhfomhír (c) agus (d), atá i ndlí, rialachán nó beart a shéanadh go hiomlán gan údar cuí, gan chúis, nó in iompar a bhfuil an t-infheisteoir nó an infheistíocht faoi chumhdach dá chuid ina sprioc sonrach aige agus é de chuspóir leis sin damáiste a dhéanamh;

(iii) maidir le fomhír (e), cé acu a ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh Páirtí *ultra vires* agus cé acu a bhí nó nach raibh na heachtraí de chomhéigean nó ciapadh líomhnaithe athdhéanta agus marthanach.

([40]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tagraíonn 'cosaint agus slándáil iomlán' d'oibleagáidí Páirtí gníomhú de réir mar is gá le réasún chun slándáil fhisiceach infheisteoirí agus infheistíochtaí faoi chumhdach a chosaint.

Airteagal 17.18

Cóir i gcás achrainn

1. Infheisteoirí de chuid Páirtí a bhfulaingíonn a n-infheistíochtaí faoi chumhdach caillteanais de dheasca cogaidh nó coinbhleachta armtha eile, réabhlóide nó achrainn shibhialta eile, nó de dheasca staid éigeandála náisiúnta ([41]) i gcríoch an Pháirtí eile, déanfaidh an Páirtí is deireanaí a luadh cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann an Páirtí sin dá infheisteoirí féin, nó d'infheisteoirí aon tríú tír, maidir le haiseag, slánaíocht, cúiteamh nó cineálacha eile socraíochta, a thabhairt do na hinfheisteoirí sin.

2. Gan dochar do mhír 1, maidir le hinfheisteoirí de chuid Páirtí a fhulaingíonn, in aon cheann de na cásanna dá dtagraítear sa mhír sin, caillteanais i gcríoch an Pháirtí eile, tabharfaidh an Páirtí sin aiseag nó cúiteamh pras, leordhóthanach agus éifeachtach dóibh, más toradh iad na caillteanais sin ar na nithe seo a leanas:

(a) foréileamh na hinfheistíochta faoi chumhdach dá gcuid nó cuid di ag fórsaí armtha nó údaráis an Pháirtí eile; nó

(b) scrios na hinfheistíochta faoi chumhdach dá gcuid nó cuid di ag fórsaí armtha nó údaráis an Pháirtí eile, mura raibh gá leis sin de bharr riachtanas na staide.

3. Cinnfear méid an chúitimh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 17.19(2) ón dáta foréileamh nó scriosta go dtí dáta na híocaíochta iarbhír.

Airteagal 17.19

Díshealbhú ([42])

1. Ní dhéanfaidh Páirtí infheistíocht faoi chumhdach a náisiúnú nó a dhíshealbhú go díreach, nó go hindíreach trí bhearta a mbeadh éifeacht acu a bheadh coibhéiseach le náisiúnú nó díshealbhú ('díshealbhú'), ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) chun críche poiblí;

(b) ar bhealach neamh-idirdhealaitheach;

(c) ar chúiteamh atá pras, leordhóthanach agus éifeachtach a íoc; agus

(d) i gcomhréir le próis chuí an dlí.

2. Maidir leis an gcúiteamh dá dtagraítear i bhfomhír (c) de mhír 1:

(a) íocfar gan mhoill é;

(b) beidh sé coibhéiseach le margadhluach cóir na hinfheistíochta díshealbhaithe díreach sular tharla an díshealbhú ('dáta an díshealbhaithe') nó ar tháinig an díshealbhú atá ag tarlú chun solais, cibé acu is luaithe;

(c) beidh sé go hiomlán inréadaithe agus inaistrithe go héasca in aon airgeadra inmhalartaithe go héasca; agus

(d) áireofar ús leis ar ghnáthráta tráchtála ó dháta an díshealbhaithe go dtí dáta na híocaíochta.

3. Faoi dhlí an Pháirtí atá ag díshealbhú, beidh sé de cheart ag an infheisteoir lena mbaineann athbhreithniú pras a fháil ar a éileamh agus ar luacháil a infheistíochta, ar athbhreithniú é a dhéanfaidh údarás breithiúnach nó údarás neamhspleách eile de chuid an Pháirtí sin, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo.

4. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le heisiúint ceadúnas éigeantach arna ndeonú i ndáil le cearta maoine intleachtúla, ná níl feidhm aige maidir le cearta den sórt sin a chúlghairm, a theorannú ná a chruthú, a mhéid atá an eisiúint, an chúlghairm nó an cruthú sin i gcomhréir le Comhaontú TRIPS ([43]).

([41]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní sárú ann féin ar an bhforáil seo é an t-aon dearbhú maidir le staid éigeandála náisiúnta.
([42]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, léirmhíneofar an tAirteagal seo i gcomhréir le hIarscríbhinn 17-D.
([43]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le cúlghairm ceart maoine intleachtúla dá dtagraítear sa mhír seo cealú nó neamhniú na gceart sin, agus áirítear le teorannú ar chearta maoine intleachtúla eisceachtaí ó na cearta sin.

Airteagal 17.20

Aistrithe ([44])

1. Ceadóidh gach Páirtí go bhféadfar gach aistriú a bhaineann le hinfheistíocht faoi chumhdach a dhéanamh in airgeadra inmhalartaithe go héasca, gan bhac agus gan mhoill, agus ar an ráta malairte margaidh atá ann lá an aistrithe. Áirítear an méid seo a leanas le haistrithe den sórt sin:

(a) ranníocaíochtaí le caipiteal;

(b) brabúis, díbhinní, gnóchain chaipitiúla agus torthaí eile, fáltais ó dhíol na hinfheistíochta faoi chumhdach iomláine nó aon chuid di nó ó leachtú iomlán nó páirteach na hinfheistíochta faoi chumhdach;

(c) ús, íocaíochtaí ríchíosa, táillí bainistíochta, cúnamh teicniúil agus táillí eile;

(d) íocaíochtaí arna ndéanamh faoi chonradh arna dhéanamh ag infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, nó ag a infheistíocht faoi chumhdach, lena n-áirítear íocaíochtaí arna ndéanamh de bhun comhaontú iasachta;

(e) tuilleamh agus luach saothair eile a fhaigheann pearsanra a fhostaítear ón gcoigríoch atá ag obair i ndáil le hinfheistíocht faoi chumhdach;

(f) íocaíochtaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 17.18 agus Airteagal 17.19; agus

(g) íocaíochtaí a eascraíonn as Cuid D a chur i bhfeidhm.

2. Ní fhéadfaidh Páirtí a éileamh go n-aistreoidh a infheisteoirí an t-ioncam, an tuilleamh, an brabús nó na méideanna eile arna ndíorthú ó infheistíochtaí faoi chumhdach i gcríoch an Pháirtí eile nó is inchurtha i leith na n-infheistíochtaí sin, agus ní fhorchuirfidh Páirtí pionós ar a infheisteoirí mura ndéanann siad amhlaidh.

Airteagal 17.21

Seachaíocht

Má dhéanann Páirtí, nó aon ghníomhaireacht arna hainmniú ag an bPáirtí sin, íocaíocht le hinfheisteoir de chuid an Pháirtí sin faoi ráthaíocht, faoi chonradh árachais nó faoi chineál eile slánaíochta a rinne sé maidir le hinfheistíocht faoi chumhdach, aithneoidh an Páirtí eile ar ina chríoch a rinneadh an infheistíocht faoi chumhdach seachaíocht nó aistriú aon chearta a bheadh ag an infheisteoir faoin gCaibidil seo i leith na hinfheistíochta faoi chumhdach murach an tseachaíocht, agus ní dhéanfaidh an t-infheisteoir na cearta sin a shaothrú go méid na seachaíochta.

Airteagal 17.22

Foirceannadh

1. Má fhoirceanntar an Comhaontú seo de bhun Airteagal 41.13, leanfaidh an Roinn seo agus Roinn D d'éifeacht a bheith acu go ceann tréimhse cúig bliana eile ó dháta an fhoirceanta, maidir le hinfheistíochtaí a rinneadh roimh dháta an fhoirceanta sin.

2. Cuirfear síneadh leis an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 ar feadh tréimhse bhreise amháin 5 bliana, ar choinníoll nach mbíonn aon chomhaontú cosanta infheistíochta idir Páirtithe i bhfeidhm.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo má fhoirceanntar cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo agus mura dtagann an Comhaontú seo i bhfeidhm.

Airteagal 17.23

Caidreamh le comhaontuithe eile

1. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, na comhaontuithe idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus an tSile a liostaítear in Iarscríbhinn 17-F, lena n-áirítear na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn astu, scoirfidh siad d'éifeacht a bheith acu agus cuirfear an Chuid seo den Chomhaontú seo ina n-ionad agus glacfaidh an Chuid seo den Chomhaontú seo ionad na gcomhaontuithe sin.

([44]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo faoi réir Iarscríbhinn 17-E.

2. Sa chás ina gcuirfear Roinn C agus Roinn D den Chaibidil seo i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 41.5 (2), cuirfear cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 17-F, lena n-áirítear na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn astu, ar fionraí amhail ón dáta óna gcuirfidh na Páirtithe Roinn C agus Roinn D den Chaibidil seo i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 41.5. Má fhoirceanntar an cur i bhfeidhm sealadach na Ranna sin agus mura dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, cuirfear deireadh leis an bhfionraí agus beidh éifeacht arís ag na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 17-F.

3. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, féadfar éileamh de bhun comhaontú a liostaítear in Iarscríbhinn 17-F a chur isteach i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a bhunaítear sa chomhaontú, ar choinníoll:

(a) go n-eascraíonn an t-éileamh as sárú líomhnaithe ar an gcomhaontú a tharla roimh an dáta a cuireadh an comhaontú ar fionraí de bhun mhír 2 nó, i gcás nach gcuirtear an comhaontú ar fionraí de bhun mhír 2, roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; agus

(b) nach bhfuil níos mó ná 3 bliana caite ón dáta a cuireadh an comhaontú sin ar fionraí de bhun mhír 2 nó, i gcás nach gcuirtear an comhaontú sin ar fionraí de bhun mhír 2, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus an dáta a cuireadh an t-éileamh isteach.

4. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, má fhoirceanntar cur i bhfeidhm sealadach Chodanna C agus D den Chaibidil seo agus mura dtagann an Comhaontú seo i bhfeidhm, féadfar éileamh de bhun na Caibidle seo a chur isteach, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a bhunaítear sa Chaibidil seo, ar choinníoll:

(a) go n-eascraíonn an t-éileamh as sárú líomhnaithe ar an gComhaontú seo a tharla le linn na tréimhse inar cuireadh Ranna C agus D den Chaibidil seo i bhfeidhm go sealadach; agus

(b) nach bhfuil níos mó ná 3 bliana caite idir dáta foirceanta an chur i bhfeidhm shealadaigh agus an dáta a cuireadh isteach an t-éileamh.

5. Chun críocha an Airteagail seo, ní bheidh feidhm ag an sainmhíniú 'teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo', dá bhforáiltear in Airteagal 41.5.

Airteagal 17.24

Iompar gnó freagrach

1. Gan dochar do Chaibidil 33, spreagfaidh gach Páirtí infheistíochtaí faoi chumhdach chun prionsabail agus treoirlínte maidir le freagracht shóisialta chorparáideach nó iompar freagrach gnó a aithnítear go hidirnáisiúnta a ionchorprú ina mbeartais inmheánacha, amhail Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé go mbeadh infheisteoirí i mbun próiseas díchill chuí chun rioscaí comhshaoil agus sóisialta agus tionchair a n-infheistíochta a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a chur san áireamh.

ROINN D

DÍOSPÓIDÍ INFHEISTÍOCHTA AGUS CÓRAS CÚIRTE INFHEISTÍOCHTA A RÉITEACH

FOROINN 1

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 17.25

Raon Feidhme agus sainmhínithe

1. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le díospóid idir éilitheoir de chuid Páirtí amháin agus an Páirtí eile ar díospóid í a eascraíonn as sárú líomhnaithe faoi Airteagal 17.9(2) nó Airteagal 17.11(2), nó faoi Roinn C, agus trína líomhnaítear gur cúis le caillteanas ag an éilitheoir nó ag an bhfiontar dá chuid atá bunaithe go háitiúil é an sárú, nó le damáiste a bheith déanta dóibh.

2. Tá feidhm ag an Roinn seo freisin maidir le frithéilimh i gcomhréir le hAirteagal 17.31.

3. Déanfar éileamh maidir le hathstruchtúrú fiachais Páirtí a chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn 17-G.

4. Chun críocha na Roinne seo:

(a) ciallaíonn 'éilitheoir' infheisteoir de chuid Páirtí, is é sin páirtí i ndíospóid infheistíochta leis an bPáirtí eile agus a fhéachann le héileamh a chur isteach, nó a bhfuil éileamh curtha isteach aige, de bhun na Roinne seo:

(i) ag gníomhú thar a cheann féin; nó

(ii) ag gníomhú thar ceann fiontar atá bunaithe go háitiúil atá faoi úinéireacht nó faoi rialú aige; caithfear leis an bhfiontar atá bunaithe go háitiúil mar náisiúnach de chuid Stáit Chonarthaigh eile chun críocha Airteagal 25(2)(b) de Choinbhinsiún ICSID;

(b) ciallaíonn 'páirtithe díospóideacha' an t-éilitheoir agus an freagróir;

(c) ciallaíonn 'Rialacha ICSID maidir le Saoráid Bhreise' na Rialacha lena Rialaítear an tSaoráid Bhreise le haghaidh Riar Imeachtaí ag Rúnaíocht an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochtaí a Shocrú;

(d) ciallaíonn 'Coinbhinsiún ICSID' an Coinbhinsiún maidir le Díospóidí Infheistíochtaí idir Stáit agus Náisiúnaigh Stát Eile a Shocrú, arna dhéanamh in Washington an 18 Márta 1965;

(e) ciallaíonn 'fiontar atá bunaithe go háitiúil' duine dlítheanach atá bunaithe i gcríoch Pháirtí agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag infheisteoir de chuid an Pháirtí eile ([45]);

(f) ciallaíonn 'Coinbhinsiún Nua-Eabhrac' Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dámhachtainí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorfheidhmiú, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 10 Meitheamh 1958;

(g) ciallaíonn 'Páirtí neamhdhíospóideach' an tSile, i gcás inarb é an Páirtí AE an freagróir, nó an Páirtí AE, i gcás inarb í an tSile an freagróir;

(h) ciallaíonn 'imeachtaí', mura sonraítear a mhalairt, imeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc faoin Roinn seo;

(i) ciallaíonn 'freagróir' an tSile nó, más infheisteoir de chuid an Pháirtí AE é an t-éilitheoir, nó an tAontas Eorpach nó an Ballstát lena mbaineann, mar a chinntear de bhun Airteagal 17.28, más infheisteoir de chuid na Sile é an t-éilitheoir;

(j) ciallaíonn 'cistiú tríú páirtí' aon chistiú a sholáthróidh duine nach duine díospóideach é do pháirtí díospóideach chun costas iomlán na n-imeachtaí nó cuid de chostas na n-imeachtaí a mhaoiniú nó i gcomaoin luach saothair a bheidh ag brath ar thoradh na díospóide, nó trí shíntiús nó deontas ([46]);

(k) ciallaíonn 'Rialacha Eadrána UNCITRAL' na rialacha eadrána ó Choimisiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Dlí Trádála Idirnáisiúnta; agus

(l) ciallaíonn 'Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL' na Rialacha ó Choimisiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Dlí Trádála Idirnáisiúnta (UNCITRAL) maidir le Trédhearcacht in Eadráin Chonradhbhunaithe idir Infheisteoirí agus Stáit.

([45]) Is amhlaidh an méid seo a leanas i gcás duine dlítheanach: (a) is le duine de chuid an Pháirtí eile é má tá níos mó ná 50 faoin gcéad den leas cothromais ann faoi úinéireacht thairbhiúil duine de chuid an Pháirtí sin; (b) tá sé faoi rialú duine de chuid an Pháirtí eile má tá sé de chumhacht ag an duine sin tromlach dá stiúrthóirí a ainmniú nó a ghníomhartha a stiúradh go dlíthiúil ar shlí eile.

([46]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar cistiú den sórt sin a sholáthar go díreach nó go hindíreach do pháirtí díospóideach, dá chleamhnaithe nó dá ionadaí.

FOROINN 2

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ MALARTACH AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN

Airteagal 17.26

Idirghabháil

1. Féadfaidh na páirtithe díospóideacha comhaontú tráth ar bith le dul ar iontaoibh idirghabhála.

2. Is ar bhonn deonach atá sé dul ar iontaoibh idirghabhála agus tá sé gan dochar do sheasamh dlí ceachtar de na páirtithe díospóideacha.

3. Rialófar nósanna imeachta idirghabhála leis na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 17-H agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, le rialacha maidir le hidirghabháil arna nglacadh ag an bhFochoiste [47]. Déanfaidh an Fochoiste a dhícheall a áirithiú go nglacfar rialacha maidir le hidirghabháil tráth nach déanaí ná an chéad lá de chur i bhfeidhm sealadach nó teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, de réir mar a bheidh, agus in aon chás tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis an dáta sin.

4. Bunóidh an Fochoiste, ar dháta an Chomhaontaithe seo a theacht i bhfeidhm, liosta de sheisear daoine a bhfuil ardcháil mhorálta orthu agus inniúlacht aitheanta acu i réimsí an dlí, na tráchtála, an tionscail nó an airgeadais a bhféadfar brath orthu chun breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú agus atá toilteanach agus inniúil fónamh mar idirghabhálaithe.

5. Ceapfar an t-idirghabhálaí le comhaontú na bpáirtithe díospóideacha. Féadfaidh na páirtithe díospóideacha a iarraidh go comhpháirteach ar Uachtarán an Bhinse idirghabhálaí a cheapadh ón liosta arna bhunú de bhun an Airteagail seo nó, in éagmais liosta den sórt sin, ó dhaoine aonair arna moladh ag ceachtar Páirtí. Comhlíonfaidh idirghabhálaithe Iarscríbhinn 17-I, *mutatis mutandis*.

6. A luaithe a chomhaontaíonn na páirtithe díospóideacha le dul ar iontaoibh idirghabhála, cuirfear na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagail 17.27 (5), 17.27 (8), 17.54 (10) agus 17.55 (5) ar fionraí ón dáta a chomhaontaítear dul ar iontaoibh idirghabhála go dtí an dáta a chinneann ceachtar páirtí díospóideach an idirghabháil a fhoirceannadh, trí bhíthin fógra i scríbhinn chuig an idirghabhálaí agus chuig an bpáirtí díospóideach eile. Arna iarraidh sin don dá pháirtí díospóideacha, cuirfidh an Binse nó an Binse Achomhairc bac ar na himeachtaí.

Airteagal 17.27

Comhairliúcháin agus réiteach cairdiúil

1. Féadfar, agus ba cheart a mhéid is féidir, díospóid a réiteach go cairdiúil trí chaibidlíocht, trí dhea-mhéin nó trí idirghabháil agus, i gcás inar féidir, sula gcuirfear isteach iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun an Airteagail seo. Féadfar socrú den sórt sin a chomhaontú tráth ar bith, lena n-áirítear tar éis thús na n-imeachtaí de bhun Fhoroinn 5.

2. Déanfar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach idir na páirtithe díospóideacha de bhun mhír 1 a chur in iúl don Pháirtí neamhdhíospóideach laistigh de 15 lá ón tráth a ndéanfar an réiteach sin a chomhaontófar go frithpháirteach. Cloífidh gach páirtí díospóideach le haon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach ar thángthas air i gcomhréir leis an Airteagal seo nó le hAirteagal 17.26, agus comhlíonfaidh sé an réiteach sin. Coimeádfaidh an Fochoiste faoi fhaireachas cur chun feidhme an réitigh sin arna chomhaontú go frithpháirteach, agus tuairisceoidh an Páirtí don réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach don Fhochoiste go tráthrialta maidir le cur chun feidhme an réitigh sin.

3. Mura féidir díospóid a réiteach mar a fhoráiltear i mír 1 den Airteagal seo, éilitheoir de chuid Páirtí a líomhnaíonn sárú ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1) agus atá ag iarraidh éileamh a thíolacadh, cuirfidh an Páirtí sin iarraidh ar chomhairliúcháin faoi bhráid an Pháirtí eile.

4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarraidh:

(a) ainm agus seoladh an éilitheora, agus ainm, seoladh agus áit chorpraithe an fhiontair atá bunaithe go háitiúil, má chuirtear an iarraidh isteach thar ceann fiontar atá bunaithe go háitiúil;

(b) tuairisc ar an infheistíocht agus ar a húinéireacht agus a rialú;

(c) na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1) a líomhnaítear gur sáraíodh iad;

[47] Féadfar aon teorainn ama dá dtagraítear in Iarscríbhinn 17-H a mhodhnú trí chomhaontú idir na páirtithe díospóideacha.

(d) Bunús dlí agus an bunús fíorasach an éilimh, lena n-áirítear an beart a líomhnaítear go bhfuil sé ar neamhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1);

(e) an faoiseamh atá á lorg agus an méid measta damáistí atá á éileamh; agus

(f) faisnéis maidir leis an úinéir tairbhiúil deiridh agus struchtúr corparáideach an éilitheora agus fianaise lena suitear gur infheisteoir de chuid an Pháirtí eile é an t-éilitheoir agus go bhfuil an infheistíocht faoi úinéireacht nó faoi rialú aige, agus, má ghníomhaíonn sé thar ceann fiontar atá bunaithe go háitiúil, fianaise go bhfuil an fiontar sin atá bunaithe go háitiúil faoi úinéireacht nó faoi rialú aige.

5. Mura gcomhaontaíonn na páirtithe díospóideacha le tréimhse níos faide, cuirfear tús le comhairliúcháin laistigh de 60 lá ón dáta a chuirtear an iarraidh ar chomhairliúcháin isteach.

6. Mura gcomhaontaíonn na páirtithe díospóideacha maidir lena mhalairt, cuirfear na comhairliúcháin ar siúl i gceann de na háiteanna seo a leanas:

(a) Santiago, má bhaineann na comhairliúcháin le sárú líomhnaithe na Sile;

(b) an Bhruiséil, má bhaineann na comhairliúcháin le sárú líomhnaithe an Aontais Eorpaigh; nó

(c) príomhchathair an Bhallstáit lena mbaineann, má bhaineann na comhairliúcháin le sárú líomhnaithe ag an mBallstát sin amháin.

7. Féadfaidh na páirtithe díospóideacha comhaontú na comhairliúcháin a chur ar siúl trí fhíschomhdháil nó meáin eile más iomchuí.

8. Déanfar an iarraidh ar chomhairliúcháin a chur isteach:

(a) laistigh de 3 bliana ón dáta a fuair an t-éilitheoir nó, má ghníomhaíonn an t-éilitheoir thar ceann an fhiontair atá bunaithe go háitiúil, an dáta ar a bhfuair an fiontar atá bunaithe go háitiúil, nó ar cheart dóibh a fháil ar dtús, eolas ar an mbeart a líomhnaítear go bhfuil sé ar neamhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1) agus ar an gcaillteanas nó ar an damáiste a líomhnaítear gur tabhaíodh iad dá bharr sin; nó

(b) laistigh de 2 bhliain tar éis an dáta a scoireann an t-éilitheoir nó, má ghníomhaíonn an t-éilitheoir thar ceann an fhiontair atá bunaithe go háitiúil, an dáta a scoireann an fiontar atá bunaithe go háitiúil d'éilimh den sórt sin a shaothrú os comhair binse intíre nó cúirte faoi dhlí Páirtí, agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 5 bliana ón dáta a fuair an t-éilitheoir nó, má ghníomhaíonn an t-éilitheoir thar ceann an fhiontair atá bunaithe go háitiúil, an dáta ar a bhfuair an fiontar atá bunaithe go háitiúil, nó ar cheart dóibh a fháil ar dtús, eolas ar an mbeart a líomhnaítear go bhfuil sé ar neamhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1) agus ar an gcaillteanas nó ar an damáiste a líomhnaítear gur tabhaíodh iad dá bharr sin.

9. I gcás inarb amhlaidh nach gcuirfidh an t-éilitheoir éileamh isteach de bhun Airteagal 17.30 laistigh de 18 mí tar éis an iarraidh ar chomhairliúcháin a chur isteach, measfar gur tharraing an t-éilitheoir an iarraidh ar chomhairliúcháin uaidh siar, agus, más infheidhme, gur tharraing sé an fógra uaidh lena n-iarrtar cinneadh ón bhfreagróir siar, de bhun Airteagal 17.28, agus ní fhéadfaidh sé éileamh a chur isteach faoin Roinn seo maidir leis na bearta líomhnaithe céanna. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin le comhaontú idir na páirtithe díospóideacha a bhíonn páirteach sna comhairliúcháin.

10. Ní fhéadfaidh sárú leanúnach na tréimhsí a leagtar amach i mír 8 a athnuachan ná a bhriseadh.

11. Má bhaineann an iarraidh ar chomhairliúcháin le sárú líomhnaithe an Pháirtí AE ar an gComhaontú seo, cuirfear chuig an Aontas Eorpach í. Má shainaithnítear sárú líomhnaithe a rinne Ballstát ar an gComhaontú seo i gcomhréir le hAirteagal 17.28, cuirfear an iarraidh ar chomhairliúcháin chuig an mBallstát lena mbaineann freisin.

FOROINN 3

ÉILEAMH AGUS RÉAMHCHOINNÍOLLACHA A CHUR ISTEACH

Airteagal 17.28

Iarraidh ar chinneadh ón bhfreagróir

1. Mura mbítear in ann an díospóid a réiteach laistigh de 90 lá ó chur isteach na hiarrata ar chomhairliúcháin, má bhaineann an iarraidh le sárú líomhnaithe arna dhéanamh ag an bPáirtí AE ar an gComhaontú seo agus má bhíonn sé beartaithe ag an éilitheoir imeachtaí a thionscnamh de bhun Airteagal 17.30, tabharfaidh an t-éilitheoir fógra don Aontas Eorpach lena n-iarrfar cinneadh ón bhfreagróir.

2. Sonrófar san fhógra na bearta a bhfuil sé beartaithe ag an éilitheoir imeachtaí a thionscnamh ina leith. Má shonraítear beart de chuid Ballstáit, seolfar an fógra sin chuig an mBallstát lena mbaineann freisin.

3. Tar éis dó cinneadh a dhéanamh, cuirfidh an Páirtí AE an t-éilitheoir ar an eolas a luaithe agus is féidir, agus in aon chás, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil faoi cé acu a bheidh an tAontas Eorpach nó Ballstát ina fhreagróir ([48]).

4. Mura mbíonn an t-éilitheoir ar an eolas maidir leis an gcinneadh laistigh de 60 lá tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 3 a sheoladh, is mar seo a leanas a bheidh an freagróir:

(a) an Ballstát, más bearta de chuid Ballstáit amháin iad an beart nó na bearta a shainaithnítear san fhógra dá dtagraítear i mír 1; nó

(b) an tAontas Eorpach, má bhíonn bearta de chuid an Aontais Eorpaigh i measc na mbeart arna sonrú san fhógra dá dtagraítear i mír 1.

5. Má chuireann an t-éilitheoir éileamh isteach de bhun Airteagal 17.30, déanfaidh sé amhlaidh ar bhonn an chinnidh arna chur in iúl dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus, mura gcuirtear an t-éilitheoir ar an eolas faoi chinneadh den sórt sin, ar bhonn chur i bhfeidhm mhír 4 den Airteagal seo.

6. Má ghníomhaíonn an tAontas Eorpach nó Ballstát mar fhreagróir tar éis cinnidh arna dhéanamh de bhun mhír 3, ní fhéadfaidh an tAontas Eorpach ná an Ballstát lena mbaineann neamh-inghlacthacht an éilimh nó easpa dlínse an Bhinse a dhearbhú, ná a dhearbhú ar shlí eile go bhfuil an t-éileamh nó an dámhachtain gan bhunús nó neamhbhailí, ar an bhforas gur cheart gurbh é an tAontas Eorpach an freagróir cuí seachas an Ballstát, nó a mhalairt.

7. Beidh an Binse agus an Binse Achomhairc faoi cheangal an chinnidh arna dhéanamh de bhun mhír 3 nó, mura gcuirtear an t-éilitheoir ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin, ar bhonn mhír 4.

8. Ní choiscfear le haon rud sa Chomhaontú seo, ná sna rialacha is infheidhme maidir le réiteach díospóidí, aon mhalartú faisnéise a bhaineann le díospóid idir an tAontas Eorpach agus an Ballstát lena mbaineann.

Airteagal 17.29

Ceanglais maidir le héileamh a chur isteach

1. Sula gcuirfidh sé éileamh isteach, déanfaidh an t-éilitheoir an méid seo a leanas:

(a) aon éileamh nó imeachtaí atá ar feitheamh os comhair aon chúirte nó binse intíre nó idirnáisiúnta faoin dlí intíre nó idirnáisiúnta a tharraingt siar, maidir le haon bheart a líomhnaítear gur sárú é ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1);

(b) tarscaoileadh i scríbhinn a chur ar fáil nach dtionscnóidh sé aon éileamh nó imeachtaí os comhair aon chúirte nó binse intíre nó idirnáisiúnta faoin dlí intíre nó idirnáisiúnta, maidir le haon bheart a líomhnaítear gur sárú é ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1);

([48]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanfaidh an Páirtí AE cinneadh den sórt sin ach ar bhonn chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 912/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat chun freagracht airgeadais a bhainistiú atá nasctha le binsí socraithe díospóidí idir infheisteoir agus stát arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas Eorpach (IO AE L 257, 28.8.2014, lch. 121).

(c) dearbhú a chur ar fáil nach bhforfheidhmeoidh sé aon dámhachtain a thabharfar de bhun na Roinne seo sula mbeidh an dámhachtain sin críochnaitheach de bhun Airteagal 17.56, agus nach ndéanfaidh sé iarracht aon nósanna imeachta comhchosúil a achomharc, a athbhreithniú, a chur i leataobh, a neamhniú, a leasú nó a thionscnamh os comhair binse nó cúirte náisiúnta nó idirnáisiúnta, maidir le dámhachtain a eisítear de bhun na Roinne seo.

2. Díbhfidh an Binse éileamh ó éilitheoir a chuir éileamh eile faoi bhráid an Bhinse nó aon chúirte nó binse intíre nó idirnáisiúnta eile maidir leis an mbeart céanna a líomhnaítear go bhfuil sé ar neamhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1), mura dtarraingíonn an t-éilitheoir siar éileamh den sórt sin atá ar feitheamh. Ní bheidh feidhm ag an mír seo má thíolacann an t-éilitheoir éileamh chuig cúirt nó binse intíre agus faoiseamh urghaire nó dearbhaitheach eatramhach á lorg aige.

3. Chun críocha an Airteagail seo, cuimsíonn an t-éilitheoir an t-infheisteoir agus, má ghníomhaigh an t-infheisteoir thar ceann an fhiontair atá bunaithe go háitiúil, an fiontar atá bunaithe go háitiúil. Ina theannta sin, chun críocha fhomhír (a) de mhír 1 agus mhír 2, áirítear ar an éilitheoir freisin:

(a) má chuireann infheisteoir, a ghníomhaíonn ar a shon féin, an t-éileamh faoi bhráid na ndaoine uile a bhfuil leas úinéireachta, díreach nó indíreach, acu san éilitheoir, nó má rialaíonn an t-infheisteoir iad, agus má éilíonn siadsan gur bhain an caillteanas nó an damáiste céanna ([49]) dóibhsean agus a bhain don éilitheoir; nó

(b) má chuireann infheisteoir, a ghníomhaíonn thar ceann fiontar atá bunaithe go háitiúil, an t-éileamh faoi bhráid na ndaoine uile a bhfuil leas úinéireachta, díreach nó indíreach, acu san fhiontar atá bunaithe go háitiúil, nó má rialaíonn an fiontar atá bunaithe go háitiúil iad, agus má éilíonn siadsan gur bhain an caillteanas nó an damáiste ([50]) céanna dóibhsean agus a bhain don fhiontar atá bunaithe go háitiúil.

Airteagal 17.30

Éileamh a chur isteach

1. Mura féidir an díospóid a réiteach laistigh de 6 mhí ón iarraidh ar chomhairliúcháin a chur isteach agus, más infheidhme, go bhfuil trí mhí ar a laghad caite ón dáta ar cuireadh isteach an fógra ina n-iarrtar cinneadh ón bhfreagróir de bhun Airteagal 17.28, féadfaidh an t-éilitheoir, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 17.32, éileamh a chur faoi bhráid an Bhinse.

2. Féadfar éileamh a chur faoi bhráid an Bhinse faoi cheann de na sraitheanna rialacha seo a leanas maidir le réiteach díospóidí:

(a) Coinbhinsiún ICSID, ar choinníoll gur páirtithe i gCoinbhinsiún ICSID iad an freagróir agus Stát an éilitheora araon;

(b) Rialacha ICSID maidir le Saoráid Bhreise, ar choinníoll gur páirtithe i gCoinbhinsiún ICSID iad an freagróir agus Stát an éilitheora araon;

(c) Rialacha Eadrána UNCITRAL; nó

(d) aon riail eile arna gcomhaontú ag na páirtithe díospóideacha arna iarraidh sin don éilitheoir.

3. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le réiteach díospóidí dá dtagraítear i mír 2, faoi réir na rialacha atá leagtha amach sa Roinn seo, arna bhforlíonadh ag aon rialacha arna nglacadh ag an bhFochoiste.

4. Na héilimh uile arna sainaithint ag an éilitheoir le linn a éileamh a chur isteach de bhun an Airteagail seo, beidh siad bunaithe ar fhaisnéis arna sainaithint ina iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun fhomhíreanna (c) agus (d) d'Airteagal 17.27 (4).

5. Ní ghlacfar le héilimh arna gcur isteach in ainm aicme atá comhdhéanta de líon éilitheoirí anaithnid, nó arna gcur isteach ag ionadaí a bhfuil sé ar intinn aige na himeachtaí a sheoladh agus gníomhú ar mhaithe le líon éilitheoirí aitheanta nó anaithnid, éilitheoirí a tharmligeann na cinntí uile a bhaineann leis na himeachtaí.

([49]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ciallaíonn an caillteanas nó an damáiste céanna caillteanas nó damáiste a eascraíonn ón mbeart céanna a bhféachann an duine aisghabháil ina leith sa cháil chéanna leis an éilitheoir (e.g. má dhéanann an t-éilitheoir agairt mar scairshealbhóir, chumhdódh an fhoráil seo duine gaolmhar a bhfuil aisghabháil mar scairshealbhóir á lorg aige freisin).

([50]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ciallaíonn an caillteanas nó an damáiste céanna caillteanas nó damáiste a eascraíonn ón mbeart céanna a bhféachann an duine aisghabháil ina leith sa cháil chéanna leis an éilitheoir (e.g. má dhéanann an t-éilitheoir agairt mar scairshealbhóir, chumhdódh an fhoráil seo duine gaolmhar a bhfuil aisghabháil mar scairshealbhóir á lorg aige freisin).

6. Ar mhaithe le tuilleadh cinnteachta, ní fhéadfaidh éilitheoir éileamh a chur isteach faoin Roinn seo más trí mhífhaisnéis chalaoiseach, ceilt, calaois, nó iompar arb é atá ann mí-úsáid próise a rinneadh an infheistíocht.

Airteagal 17.31

Frithéilimh

1. Féadfaidh an freagróir frithéileamh a chur isteach murar chloígh éilitheoir le hoibleagáid idirnáisiúnta is infheidhme i gcríocha an dá Pháirtí a chomhlíonadh, ([51]) ar oibleagáid í a eascraíonn i dtaca le bonn fíorasach an éilimh. ([52])

2. Déanfar an frithéileamh a thíolacadh tráth nach déanaí ná fhrithmheabhrachán nó ráiteas cosanta an fhreagróra, nó ag tráth níos déanaí sna himeachtaí má chinneann an Binse go raibh údar leis an moill sna himthosca.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear i dtoiliú an éilitheora leis na nósanna imeachta faoin Roinn seo dá dtagraítear in Airteagal 17.32 frithéilimh arna gcur isteach ag an bhfreagróir.

Airteagal 17.32

Toiliú

1. Toilíonn an freagróir le héileamh a chur isteach faoin Roinn seo.

2. Measfar go gcomhlíonfar ceanglais an mhéid seo a leanas leis an toiliú faoi mhír 1 agus le cur isteach aon éilimh faoin Roinn seo:

(a) Airteagal 25 de Choinbhinsiún ICSID agus Rialacha ICSID maidir le Saoráid Bhreise i dtaca le toiliú i scríbhinn ó na páirtithe díospóideacha; agus

(b) Airteagal II de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dámhachtainí Eadrána Coigríche a Aithint agus a Fhorfheidhmiú, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 10 Meitheamh 1958 ('Coinbhinsiún Nua-Eabhrac') le haghaidh comhaontú i scríbhinn.

3. Meastar go dtugann an t-éilitheoir toiliú i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Roinn seo tráth a chuirtear éileamh isteach de bhun Airteagal 17.30.

Airteagal 17.33

Cistiú tríú páirtí

1. Má tá cistiú tríú páirtí faighte ag páirtí díospóideach nó má tá cistiú tríú páirtí á fháil aige, nó má shocraigh sé cistiú tríú páirtí a fháil, nochtfaidh an páirtí díospóideach a thairbhíonn de sin don pháirtí díospóideach eile agus don rannóg den Bhinse nó, mura bhfuil an rannóg den Bhinse bunaithe, d'Uachtarán an Bhinse, ainm agus seoladh an chisteora tríú páirtí, agus más infheidhme, ainm agus seoladh an úinéara thairbhiúil deiridh agus an struchtúr corparáideach.

2. Déanfaidh an páirtí díospóideach an nochtadh faoi mhír 1 an tráth a chuirfear an t-éileamh isteach, nó, má shocraítear an cistiú tríú páirtí tar éis éileamh a chur isteach, gan mhoill, a luaithe a thabharfar an socrú i gcrích nó a thabharfar an síntiús nó an deontas. Tabharfaidh an páirtí díospóideach fógra láithreach don Bhinse faoi aon athrú ar an bhfaisnéis a nochtfar.

3. Féadfaidh an Binse a ordú go nochtfar tuilleadh faisnéise maidir leis an socrú cistiúcháin agus leis an gcisteoir tríú páirtí má mheasann sé gur gá sin ag aon chéim de na himeachtaí.

([51]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh na hoibleagáidí dá dtagraítear sa mhír seo bunaithe ar ghealltanais dhlíthiúla ar thoiligh na Páirtithe leo.

([52]) Eiseoidh an Chomhairle Chomhpháirteach, arna iarraidh sin do Pháirtí, léirmhínithe ceangailteacha de bhun Airteagal 17.38(6) chun raon feidhme na n-oibleagáidí idirnáisiúnta dá dtagraítear sa mhír seo a shoiléiriú.

FOROINN 4

CÓRAS NA CÚIRTE INFHEISTÍOCHTA

Airteagal 17.34

Binse céadchéime

1. Bunaítear Binse céadchéime ('Binse') leis seo chun éilimh a chuirtear isteach de bhun Airteagal 17.30 a éisteacht.

2. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ceapfaidh an Comhchoiste naonúr mBreitheamh ar an mBinse. Beidh triúr de na Breithiúna ina náisiúnaigh de Bhallstát, beidh triúr díobh ina náisiúnaigh den tSile agus beidh triúr díobh ina náisiúnaigh de thríú tíortha. Agus na Breithiúna á gceapadh aige, moltar don Chomhchoiste machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le héagsúlacht agus ionadaíocht chothrom idir na hinscní a áirithiú.

3. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh go ndéanfar an líon Breithiúna a mhéadú nó a laghdú faoi iolraí de thriúr. Déanfar ceapacháin bhreise i gcomhréir leis na critéir dá bhforáiltear i mír 2.

4. Beidh ag na Breithiúna na cáilíochtaí is gá sna tíortha ar náisiúnaigh díobh iad lena gceapadh d'oifig bhreithiúnach, nó beidh siad ina ndlí-eolaithe a bhfuil inniúlacht aitheanta acu. Beidh saineolas ar an dlí idirnáisiúnta poiblí léirithe acu. Tá sé inmhianaithe saineolas a bheith acu ar an dlí infheistíochta idirnáisiúnta, ar an dlí trádála idirnáisiúnta agus ar réiteach aon díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe infheistíochta idirnáisiúnta nó trádála idirnáisiúnta.

5. Is ar feadh téarma 5 bliana a cheapfar na Breithiúna. Mar sin féin, téarmaí cúigear Breithiúna, eadhon beirt náisiúnach de Bhallstát, beirt náisiúnach de chuid na Sile agus náisiúnach amháin de thríú tír, den naonúr a cheapfar díreach tar éis don Chomhaontú seo teacht i bhfeidhm, a chinnfear le crannchur, sínfidh siad go hocht mbliana. Líonfar folúntais de réir mar a thagann siad chun cinn. Aon Bhreitheamh a cheapfar mar ionadaí ar Bhreitheamh nach raibh a théarma oifige istigh, mairfidh a théarma oifige ar feadh na tréimhse atá fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaí. Breitheamh a bhíonn ag fónamh ar rannóg den Bhinse nuair a rachaidh a théarma in éag, féadfaidh sé, le húdarú Uachtarán an Bhinse, leanúint ar aghaidh ag fónamh ar an rannóg go dtí go ndúnfar imeachtaí na rannóige sin agus measfar, chun na críche sin amháin, go leanfaidh sé ar aghaidh ina Bhreitheamh den Bhinse.

6. Beidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán ag an mBinse a bheidh freagrach as saincheisteanna eagrúcháin, agus tabharfaidh Rúnaíocht cúnamh dóibh. Roghnófar an tUachtarán agus an Leasuachtarán le crannchur ar feadh téarma dhá bhliain as measc na mBreithiúna ar náisiúnaigh de thríú tíortha iad. Fónfaidh siad ar bhonn uainíochta arna chur ar chrainn ag Comhchathaoirligh an Chomhchoiste. Gníomhóidh an Leas-Uachtarán in áit an Uachtaráin i gcás nach mbeidh an tUachtarán ar fáil.

7. Éistfidh an Binse cásanna ina rannóga atá comhdhéanta de thriúr Breithiúna, a mbeidh duine amháin díobh ina náisiúnach de Bhallstát, a mbeidh duine amháin díobh ina náisiúnach den tSile agus a mbeidh duine amháin díobh ina náisiúnach de thríú tír. Is é an Breitheamh atá ina náisiúnach de thríú tír a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an rannóg.

8. Nuair a chuirtear éileamh isteach de bhun Airteagal 17.30, bunóidh Uachtarán an Bhinse comhdhéanamh na rannóige den Bhinse a éistfidh an cás ar bhonn uainíochta, agus ar an gcaoi sin áiritheofar go mbeidh comhdhéanamh na rannóg sin randamach agus dothuartha agus tabharfar deis chothrom do na Breithiúna uile fónamh a dhéanamh.

9. D'ainneoin mhír 7 den Airteagal seo, féadfaidh na páirtithe díospóideacha comhaontú go n-éistfidh Breitheamh aonair le cás, ar náisiúnach tríú tír é an Breitheamh sin agus a cheapfaidh Uachtarán an Bhinse é. Déanfaidh an freagróir breithniú báúil ar iarraidh den sórt sin ón éilitheoir, go háirithe má tá an cúiteamh nó na damáistí a éilítear réasúnta íseal. Ba cheart iarraidh den sórt sin a dhéanamh ag an am céanna le comhdú an éilimh de bhun Airteagal 17.30.

10. Bunóidh an Binse a nósanna imeachta oibre féin, tar éis dó iad a phlé leis na Páirtithe.

11. Beidh na Breithiúna ar fáil i gcónaí agus ar ghearrfhógra, agus beidh siad ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí um réiteach díospóidí faoin gCuid seo den Chomhaontú seo.

12. Chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil, íocfar táille áirithíochta mhíosúil leis na Breithiúna, a chinnfear le cinneadh ón gComhchoiste. Gheobhaidh Uachtarán an Bhinse agus, más infheidhme, an Leas-Uachtarán, táille arb ionann í agus an táille a chinnfear de bhun Airteagal 17.35(11) ar gach lá a oibrítear chun feidhmeanna Uachtarán an Bhinse a chomhlíonadh de bhun na Roinne seo.

13. Íocfaidh na Páirtithe an táille coinneála, agus a leibhéil forbartha faoi seach á gcur san áireamh, i gcuntas arna bhainistiú ag Rúnaíocht an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú ('ICSID'). Mura n-íocann Páirtí amháin an táille áirithíochta, féadfaidh an Páirtí eile a roghnú an táille sin a íoc é féin. Beidh aon riaráistí den sórt sin fós iníoctha, maille le hús iomchuí. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú rialta ar mhéid agus ar athdheighilt na dtáillí sin agus féadfaidh sé coigeartuithe ábhartha a mholadh.

14. Ach amháin i gcás ina nglacfaidh an Coiste Comhpháirteach cinneadh de bhun mhír 15 den Airteagal seo, maidir le méid na dtáillí eile agus na speansas de chuid na mBreithiúna atá ag fónamh ar rannóg den Bhinse, beidh an méid sin cothrom leis na méideanna sin arna gcinneadh de bhun Rialachán 14(1) de Rialacháin Riaracháin agus Airgeadais Choinbhinsiún ICSID atá i bhfeidhm ar dháta chur isteach an éilimh agus arna leithdháileadh ag an mBinse ar na páirtithe díospóideacha i gcomhréir le hAirteagail 17.54 (5), (6) agus (7).

15. Ar chinneadh ón gComhchoiste, féadfar an táille áirithíochta agus na táillí agus na speansais eile a athrú ina dtuarastal rialta ar bhonn buan. Sa chás sin, beidh na Breithiúna ag fónamh ar bhonn lánaimseartha agus socróidh an Comhchoiste a luach saothair agus cúrsaí eagraíochtúla ábhartha. Na Breithiúna a fhaigheann tuarastal tráthrialta, ní fhéadfaidh sé gabháil le haon slí bheatha eile, bíodh sé sochrach nó neamhshochrach, mura ndeonóidh Uachtarán an Bhinse díolúine go heisceachtúil dóibh.

16. Gníomhóidh Rúnaíocht ICSID mar Rúnaíocht don Bhinse agus tabharfaidh sí tacaíocht iomchuí dó. Leithdháilfidh an Binse na speansais a bhainfidh leis an tacaíocht sin ar na páirtithe díospóideacha i gcomhréir le hAirteagail 17.54(5), (6) agus (7).

Airteagal 17.35

Binse Achomhairc

1. Bunaítear Binse Achomhairc buan leis seo chun achomhairc a leanfaidh as dámhachtain a eiseoidh an Binse a éisteacht.

2. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ceapfaidh an Comhchoiste sé Chomhalta ar an mBinse Achomhairc. Beidh beirt de na Comhaltaí ina náisiúnaigh de Bhallstát, beidh beirt díobh ina náisiúnaigh den tSile agus beidh beirt díobh ina náisiúnaigh de thríú tíortha. Agus Comhaltaí an Bhinse Achomhairc á gceapadh aige, moltar don Chomhchoiste machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le héagsúlacht agus ionadaíocht chothrom idir na hinscní a áirithiú.

3. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh go ndéanfar an líon Chomhaltaí an Bhinse Achomhairc a mhéadú nó a laghdú faoi iolraí de thriúr. Déanfar ceapacháin bhreise i gcomhréir leis na critéir dá bhforáiltear i mír 2.

4. Beidh ag Comhaltaí an Bhinse Achomhairc na cáilíochtaí is gá sna tíortha ar náisiúnaigh díobh iad lena gceapadh don oifige breithiúnacha is airde, nó beidh siad ina ndlí-eolaithe a bhfuil inniúlacht aitheanta acu. Beidh saineolas ar an dlí idirnáisiúnta poiblí léirithe acu. Tá sé inmhianaithe saineolas a bheith acu ar an dlí infheistíochta idirnáisiúnta, ar an dlí trádála idirnáisiúnta agus ar réiteach aon díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe infheistíochta idirnáisiúnta nó trádála idirnáisiúnta.

5. Is ar feadh téarma 5 bliana a cheapfar Comhaltaí an Bhinse Achomhairc. Mar sin féin, mairfidh téarma oifige triúir den seisear a cheapfar go díreach tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo tréimhse 8 mbliana, agus is trí chrannchur a roghnófar an triúr sin. Líonfar folúntais de réir mar a thagann siad chun cinn. Aon Chomhalta a cheapfar mar ionadaí ar Chomhalta nach raibh a théarma oifige istigh, mairfidh a théarma oifige ar feadh na tréimhse atá fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaí. Comhalta a bhíonn ag fónamh ar rannóg den Bhinse Achomhairc nuair a rachaidh a théarma in éag, féadfaidh sé, le húdarú Uachtarán an Bhinse Achomhairc, leanúint ar aghaidh ag fónamh ar an rannóg go dtí go ndúnfar imeachtaí na rannóige sin agus measfar, chun na críche sin amháin, go leanfaidh sé ar aghaidh ina Chomhalta den Bhinse Achomhairc.

6. Beidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán ag an mBinse Achomhairc a bheidh freagrach as saincheisteanna eagrúcháin, agus tabharfaidh Rúnaíocht cúnamh dóibh. Roghnófar an tUachtarán agus an Leasuachtarán le crannchur ar feadh téarma dhá bhliain as measc na gComhaltaí ar náisiúnaigh de thríú tíortha iad. Fónfaidh siad ar bhonn uainíochta arna chur ar chrainn ag Comhchathaoirligh an Chomhchoiste. Gníomhóidh an Leas-Uachtarán in áit an Uachtaráin i gcás nach mbeidh an tUachtarán ar fáil.

7. Éistfidh an Binse Achomhairc achomhairc ina rannóga atá comhdhéanta de thriúr Comhaltaí, a mbeidh duine amháin díobh ina náisiúnach de Bhallstát, a mbeidh duine amháin díobh ina náisiúnach den tSile agus a mbeidh duine amháin díobh ina náisiúnach de thríú tír. Is é an Comhalta atá ina náisiúnach de thríú tír a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an rannóg.

8. Bunóidh Uachtarán an Bhinse Achomhairc comhdhéanamh na rannóige a éistfidh an cás ar bhonn uainíochta, agus ar an gcaoi sin áiritheofar go mbeidh comhdhéanamh gach rannóige randamach agus dothuartha agus tabharfar deis chothrom do na Comhaltaí uile fónamh a dhéanamh.

9. Bunóidh an Binse Achomhairc a nósanna imeachta oibre féin, tar éis dó iad a phlé leis na Páirtithe.

10. Beidh na Comhaltaí uile ar an mBinse Achomhairc ar fáil i gcónaí agus ar ghearrfhógra, agus beidh siad ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí eile um réiteach díospóidí faoin gCuid seo den Chomhaontú seo.

11. Chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil, íocfar táille áirithíochta mhíosúil le Comhaltaí an Bhinse Achomhairc agus íocfar táille leo ar gach lá a oibríonn siad ina gcáil mar chomhalta, rud a bheidh le socrú ag cinneadh ón gComhchoiste. Gheobhaidh Uachtarán an Bhinse Achomhairc agus, más infheidhme, an Leas-Uachtarán, táille ar gach lá a oibrítear chun feidhmeanna Uachtarán an Bhinse Achomhairc a chomhlíonadh de bhun na Roinne seo.

12. Déanfaidh na Páirtithe, agus a leibhéil forbartha faoi seach á gcur san áireamh, luach saothair Chomhaltaí den Bhinse Achomhairc a íoc isteach i gcuntas a bheidh á bhainistiú ag Rúnaíocht ICSID. Mura n-íocann Páirtí amháin an táille áirithíochta, féadfaidh an Páirtí eile a roghnú an táille sin a íoc é féin. Beidh aon riaráistí den sórt sin fós iníoctha, maille le hús iomchuí. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú rialta ar mhéid agus ar athdheighilt na dtáillí sin agus féadfaidh sé coigeartuithe ábhartha a mholadh.

13. Ar chinneadh ón gComhchoiste, féadfar an táille áirithíochta agus na táillí ar na laethanta a oibrítear a athrú ina dtuarastal rialta ar bhonn buan. Sa chás sin, beidh Comhaltaí an Bhinse Achomhairc ag fónamh ar bhonn lánaimseartha agus socróidh an Comhchoiste a luach saothair agus cúrsaí eagraíochtúla ábhartha. Comhaltaí den Bhinse Achomhairc a fhaigheann tuarastal tráthrialta, ní fhéadfaidh sé gabháil le haon slí bheatha eile, bíodh sé sochrach nó neamhshochrach, mura ndeonóidh Uachtarán an Bhinse Achomhairc díolúine go heisceachtúil dóibh.

14. Gníomhóidh Rúnaíocht ICSID mar Rúnaíocht don Bhinse Achomhairc agus tabharfaidh sí tacaíocht iomchuí dó. Leithdháilfidh an Binse Achomhairc na speansais a bhainfidh leis an tacaíocht sin ar na páirtithe díospóideacha i gcomhréir le hAirteagail 17.54(5), (6) agus (7).

Airteagal 17.36

Eitic

1. Breithiúna an Bhinse agus Comhaltaí an Bhinse Achomhairc, roghnófar iad as na daoine siúd nach bhfuil a neamhspleáchas in amhras. Ní bheidh siad cleamhnaithe le haon rialtas ([53]). Ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon rialtas nó ó aon eagraíocht maidir le hábhair a bhaineann leis an díospóid. Ní ghlacfaidh siad páirt i mbreithniú a dhéanamh ar aon díospóidí lena gcruthófaí coinbhleacht leasa dhíreach nó indíreach. Comhlíonfaidh siad Iarscríbhinn 17-I. Staonfaidh siad, ón uair a cheapfar iad, ó ghníomhú mar abhcóide nó mar shaineolaí nó finné arna cheapadh ag an bpáirtí in aon díospóid infheistíochta nua nó ar feitheamh faoin gComhaontú seo nó faoi aon chomhaontú nó dlí náisiúnta eile.

2. Má mheasann páirtí díospóideach nach gcomhlíonann Breitheamh den Bhinse nó Comhalta den Bhinse Achomhairc na ceanglais a leagtar amach i mír 1, seolfaidh sé fógra agóide maidir leis an gceapachán chuig Uachtarán an Bhinse nó Uachtarán an Bhinse Achomhairc, de réir mar is iomchuí. Seolfar an fógra agóide laistigh de 15 lá ón dáta a cuireadh comhdhéanamh na rannóige den Bhinse nó den Bhinse Achomhairc in iúl don pháirtí díospóideach, nó laistigh de 15 lá ón dáta a tháinig sé ar an eolas faoi na fíorais ábhartha murarbh fhéidir iad a bheith ar eolas aige go réasúnach tráth bhunú na rannóige. Sonrófar forais na hagóide san fhógra agóide.

3. Má roghnaíonn Breitheamh den Bhinse nó Comhalta den Bhinse Achomhairc a bhfuil agóid á déanamh ina aghaidh gan éirí as an rannóg sin laistigh de 15 lá ó dháta an fhógra agóide, déanfaidh Uachtarán an Bhinse nó Uachtarán an Bhinse Achomhairc, de réir mar is infheidhme, breith a eisiúint ar an agóid, tar éis dó na páirtithe díospóideacha a éisteacht agus tar éis dó deis a thabhairt don Bhreitheamh den Bhinse nó don Chomhalta den Bhinse Achomhairc barúil a chur isteach, laistigh de 45 lá tar éis dó an fógra agóide a fháil agus tabharfaidh sé fógra ar an toirt do na páirtithe díospóideacha agus do na Breithiúna agus Comhaltaí eile na rannóige sin láithreach.

([53]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, toisc go bhfaigheann duine ioncam ón rialtas, nó go raibh sé nó sí fostaithe roimhe sin ag an rialtas, nó go bhfuil caidreamh teaghlaigh aige le hoifigeach rialtais, ní fhágann sé sin ann féin nach bhfuil an duine sin incháilithe.

4. Cinnfidh Uachtarán an Bhinse Achomhairc agóidí in aghaidh cheapachán Uachtarán an Bhinse ar rannóg agus *vice versa*.

5. Ar mholadh réasúnaithe a fháil ó Uachtarán an Bhinse Achomhairc ([54]), féadfaidh na Páirtithe, le cinneadh ón gComhchoiste, a chinneadh Comhalta Breitheamh a bhaint den Bhinse nó Comhalta a bhaint den Bhinse Achomhairc i gcás inarb amhlaidh nach bhfuil a iompraíocht ag teacht leis na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus go bhfuil an iompraíocht sin ar neamhréir lena chomhaltas leantach den Bhinse nó den Bhinse Achomhairc. Más rud é gurb é iompar Uachtarán an Bhinse Achomhairc an t-iompar líomhnaithe atá i gceist, déanfaidh Uachtarán an Bhinse an moladh réasúnaithe a chur isteach. Beidh feidhm ag Airteagail 17.34(2) agus 17.35(2), *mutatis mutandis*, maidir le líonadh folúntas a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bhun na míre seo.

Airteagal 17.37

Sásra iltaobhach um réiteach díospóidí

I gcomhar le comhpháirtithe trádála eile, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall comhoibriú chun go mbunófar sásra iltaobhach binse infheistíochta agus achomhairc le haghaidh díospóidí infheistíochta a réiteach. Ar theacht i bhfeidhm do chomhaontú idirnáisiúnta idir na Páirtithe, lena ndéanfar foráil do shásra iltaobhach den sórt sin a bheidh infheidhme maidir le díospóidí faoi Chodanna den Chomhaontú seo, ní bheidh feidhm ag ranna ábhartha na Roinne seo. Féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh lena sonrófar aon socrú idirthréimhseach is gá.

FOROINN 5

SEOLADH IMEACHTAÍ

Airteagal 17.38

An dlí is infheidhme agus rialacha maidir le léirmhíniú

1. Cinnfidh an Binse an bhfuil an beart a bhfuil éileamh á chur isteach ina leith ag an éilitheoir ar neamhréir le haon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1).

2. Agus an cinneadh sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Binse an Comhaontú seo agus rialacha agus prionsabail eile an dlí idirnáisiúnta is infheidhme idir na Páirtithe i bhfeidhm. Déanfaidh sé an Comhaontú seo a léirmhíniú i gcomhréir le rialacha gnácha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta, mar a chódaítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, déanfaidh an Binse a mheas, i gcás inarb ábhartha, gur ábhar fíorais é dlí aon Pháirtí, agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le comhsheasmhacht birt leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25 (1). Le linn dó déanamh amhlaidh, cloífidh an Binse le léirmhíniú chúirteanna nó údaráis an Pháirtí sin don dlí sin, agus ní bheidh aon bhrí arna tabhairt don dlí sin ag an mBinse ina ceangal ar na cúirteanna nó údaráis de chuid an Pháirtí sin.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní bheidh sé de dhlínse ag an mBinse a chinneadh an bhfuil beart dlíthiúil, beart a líomhnaítear gur sárú ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1) é, faoi dhlí an pháirtí dhíospóidigh.

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, má chuireann infheisteoir de chuid Páirtí éileamh isteach faoin Roinn seo, lena n-áirítear éileamh ina líomhnaítear gur sháraigh Páirtí Airteagal 17.17, tá dualgas ar an infheisteoir a éilimh a chruthú, i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an dlí idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid.

6. I gcás ina dtiocfaidh ábhair imní thromchúiseacha chun cinn maidir le hábhair léirmhínithe a bhaineann le Roinn C ([55]) nó D, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinntí a ghlacadh trína léireofar an Comhaontú seo. Beidh aon léirmhíniú den sórt sin ceangailteach ar an mBinse agus ar an mBinse Achomhairc. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach a chinneadh go mbeidh éifeacht cheangailteach ag aon léirmhíniú ó dháta sonrach.

([54]) Tá an moladh seo gan dochar do chumas an Chomhchoiste aird Uachtarán an Bhinse Achomhairc a tharraingt ar iompar Breithimh den Bhinse nó ar iompar Comhalta den Bhinse Achomhairc a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1 agus a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir lena gcomhaltas leanúnach den Bhinse nó den Bhinse Achomhairc.

([55]) Dá dtagraítear in Airteagal 17.25.

Airteagal 17.39

Léirmhíniú ar na hiarscríbhinní

1. Tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 17.27(3), féadfaidh an freagróir a iarraidh, i scríbhinn, ar an bhFochoiste go gcinnfidh sé an dtagann an beart is ábhar don iarraidh ar chomhairliúcháin faoi raon feidhme birt neamh-chomhréireacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 17-A nó 17-B, agus má thagann, a mhéid a thagann sé faoin raon feidhme sin.

2. Cuirfear an iarraidh chuig an bhFochoiste a luaithe is féidir tar éis an iarraidh ar chomhairliúcháin a fháil. Arna iarraidh sin don Fhochoiste, déanfar na tréimhsí ama dá dtagraítear in Airteagail 17.27(5), 17.27(8), 17.54(10) agus 17.55 (5) a chur ar fionraí.

3. Féachfaidh an Fochoiste, de mheon macánta, leis an gcinneadh a iarradh a dhéanamh. Déanfar aon chinneadh den sórt sin a tharchur go pras chuig na páirtithe díospóideacha.

4. Mura mbeidh cinneadh déanta ag an bhFochoiste laistigh de thrí mhí tar éis na hiarrata, scoirfidh fionraí na dtréimhsí ama sin d'fheidhm a bheith aige.

Airteagal 17.40

Éilimh eile

Má dhéantar éilimh de bhun na Roinne seo, Caibidil 38 nó de bhun comhaontú idirnáisiúnta eile a bhaineann leis an sárú líomhnaithe céanna ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1), agus i gcás ina bhféadfadh go mbeadh cúiteamh forluiteach ann, nó an t-éileamh ina bhféadfadh tionchar mór a bheith ag an comhaontú idirnáisiúnta eile ar réiteach an éilimh arna dhéanamh de bhun na Roinne seo, déanfaidh an Binse, más ábhartha, tar éis na páirtithe díospóideacha a éisteacht, imeachtaí de bhun Chaibidil 38 nó an comhaontú idirnáisiúnta eile a chur san áireamh ina chinneadh, ina ordú nó ina dhámhachtain. Chuige sin, féadfaidh sé bac a chur ar a chuid imeachtaí féin freisin. Ag gníomhú dó de bhun an Airteagail seo, urramóidh an Binse Airteagal 17.54(10).

Airteagal 17.41

Frith-imchéimniú

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, diúltóidh an Binse do dhlínse i gcás inar tháinig díospóid chun cinn, nó i gcás ina raibh an díospóid réasúnta intuartha tráth a fuair an t-éilitheoir úinéireacht nó smacht ar an infheistíocht atá faoi réir na díospóide nó a chuaigh sé i mbun athstruchtúrú corparáideach ar choinníoll go gcinneann an Binse, ar bhonn fhíorais an cháis, go bhfuair an t-éilitheoir úinéireacht nó smacht ar an infheistíocht nó go ndeachaigh sé i mbun athstruchtúrú corparáideach agus é de phríomhchuspóir aige an t-éileamh a chur isteach faoin Roinn seo. Tá an fhéidearthacht maidir le diúltú do dhlínse i gcásanna den sórt sin gan dochar d'oibleagáidí dlínsiúla eile a bhféadfadh an Binse smaoineamh orthu.

Airteagal 17.42

Éilimh ar léir nach bhfuil fiúntas dlíthiúil acu

1. Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis bhunú na rannóige den Bhinse de bhun Airteagal 17.34(7), agus in aon chás roimh an gcéad seisiún de rannóg den Bhinse, nó 30 lá ar a dhéanaí tar éis don fhreagróir teacht ar an eolas maidir leis na fíorais ar a bhfuil an agóid bunaithe, féadfaidh an freagróir agóid a chomhdú á mhaíomh gur léir nach bhfuil fiúntas dlíthiúil ag éileamh.

2. Sonróidh an freagróir an bonn don agóid ar an mbealach is cruinne is féidir.

3. Tar éis dó deis a thabhairt do na páirtithe díospóideacha a mbarúlacha maidir leis an agóid a chur i láthair, déanfaidh an Binse, ag an gcéad seisiún den rannóg den Bhinse nó go pras ina dhiaidh sin, cinneadh nó dámhachtain sealadach maidir leis an agóid a eisiúint, agus forais an chinnidh nó na dámhachtana sin á sonrú aige. I gcás ina bhfaighfear an agóid tar éis an chéad seisiúin den rannóg den Bhinse, eiseoidh an Binse an cinneadh nó an dámhachtain shealadach sin a luaithe is féidir, agus ar aon nós tráth nach déanaí ná 120 lá tar éis an agóid a chomhdú. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an agóid, glacfaidh an Binse leis na fíorais mar a líomhnaíonn an t-éilitheoir gur fíor iad, agus féadfaidh sé aon fhíorais ábhartha nach bhfuil faoi dhíospóid a chur san áireamh freisin.

4. Beidh cinneadh an Bhinse gan dochar don cheart atá ag páirtí díospóideach agóid a dhéanamh, de bhun Airteagal 17.43 nó le linn na n-imeachtaí, in aghaidh fiúntais dhlíthiúla éilimh agus gan dochar d'údarás an Bhinse aghaidh a thabhairt ar agóidí eile mar réamhcheist.

Airteagal 17.43

Éilimh gan bhunús mar ábhar dlí

1. Gan dochar don údarás atá ag an mBinse chun aghaidh a thabhairt ar agóidí eile mar réamhcheist nó ar an gceart atá ag freagróir chun aon agóidí den sórt sin a tharraingt anuas ag aon am iomchuí, tabharfaidh an Binse aghaidh, agus déanfaidh sé cinneadh mar réamhcheist, ar aon agóid a dhéanfaidh an freagróir á sonrú nach bhfuil, mar ábhar dlí, in aon éileamh a chuirtear isteach faoin Roinn seo nó aon chuid den éileamh, nach bhfuil ann éileamh ar ina leith a fhéadfar dámhachtain a dhéanamh i bhfabhar an éilitheora faoi Airteagal 17.54, fiú dá nglacfaí leis go bhfuil na fíorais a líomhnaíonn an t-éilitheoir fíor. Féadfaidh an Binse aon fhíorais ábhartha nach bhfuil faoi dhíospóid a chur san áireamh freisin.

2. Cuirfear agóid de bhun mhír 1 den Airteagal seo faoi bhráid an Bhinse a luaithe agus is féidir tar éis bhunú na rannóige den Bhinse agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná an dáta arna shocrú ag an mBinse mar dháta nach mór don fhreagróir a fhrithmheabhrachán nó ráiteas cosanta a chur isteach. Ní fhéadfar agóid de bhun mhír 1 a chur isteach fad a bheidh imeachtaí faoi Airteagal 17.42 ar feitheamh, ach amháin má thugann an Binse cead agóid a dhéanamh faoin Airteagal seo, tar éis aird chuí a thabhairt ar imthosca an cháis.

3. Ar agóid a fháil de bhun mhír 1, agus mura measfaidh sé go bhfuil an agóid gan bhunús go follasach, cuirfidh an Binse aon imeacht ar fionraí ar bhonn na bhfiúntas, bunóidh sé sceideal le haghaidh an agóid a bhreithniú, ar sceideal é a bheidh i gcomhréir le sceideal a bheidh bunaithe aige le haghaidh aon réamhcheist eile a bhreithniú, agus eiseoidh sé cinneadh nó dámhachtain shealadach ar an agóid, agus na forais léi á sonrú aige.

Airteagal 17.44

Trédhearcacht

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL maidir le díospóidí faoin Roinn seo, i dteannta na rialacha breise seo a leanas.

2. Áireofar na doiciméid seo a leanas ar liosta na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL: an comhaontú dul ar iontaoibh idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 17.26 den Chomhaontú seo, an iarraidh ar chomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.27 den Chomhaontú seo, an fógra lena n-iarrtar cinneadh ón bhfreagróir agus cinneadh an fhreagróra, dá dtagraítear in Airteagal 17.28 den Chomhaontú seo, an fógra agóide, agus an cinneadh maidir leis an agóid, dá dtagraítear in Airteagal 17.36 den Chomhaontú seo, agus an iarraidh ar chomhdhlúthú dá dtagraítear in Airteagal 17.53 den Chomhaontú seo.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar foilseáin a chur ar fáil don phobal i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL.

4. D'ainneoin Airteagal 2 de Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL, an iarraidh ar chomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.27 den Chomhaontú seo, an fógra lena n-iarrfar cinneadh ón bhfreagróir agus cinneadh an fhreagróra dá dtagraítear in Airteagal 17.28 den Chomhaontú seo, faoi réir fholú na faisnéise rúnda nó cosanta, cuirfidh an Páirtí AE nó an tSile, de réir mar a bheidh, na nithe sin ar fáil go poiblí go tráthúil agus sula gcomhdhéanfar an rannóg ([56]). Féadfar na doiciméid sin a chur ar fáil don phobal trí iad a sheoladh chuig an stór dá dtagraítear i Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL.

5. Aon pháirtí díospóideach a bheartaíonn faisnéis atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda nó chosanta a úsáid in éisteacht, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhinse.

6. Aon pháirtí díospóideach a mhaíonn gur faisnéis rúnda nó chosanta atá i bhfaisnéis áirithe, déanfaidh sé í a ainmniú go soiléir dá réir sin nuair a chuirfear faoi bhráid an Bhinse í.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cheanglaítear le haon ní sa Roinn seo ar an bhfreagróir aon fhaisnéis a cheanglaítear a nochtadh de réir a dhlí a choinneáil siar ón bpobal.

([56]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, bainfear de bhrí as an téarma faisnéis rúnda nó chosanta an bhrí chéanna a shainmhínítear agus a chinntear de bhun Airteagal 7 de Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL.

Airteagal 17.45

Bearta eatramhacha

Féadfaidh an Binse bearta eatramhacha cosanta a ordú chun na cearta atá ag páirtí díospóideach a chaomhnú nó chun a áirithiú go ndéanfar dlínse an Bhinse lánéifeachtach, lena n-áirítear ordú chun fianaise atá i seilbh aon pháirtí dhíospóidigh nó atá faoi rialú aige a chaomhnú nó chun dlínse an Bhinse a chosaint. Ní ordóidh an Binse sócmhainní a urghabháil ná ní choiscfidh sé cur i bhfeidhm na córa a líomhnaítear gur sárú í.

Airteagal 17.46

Scor den imeacht

Mura ndéanfaidh an t-éilitheoir, tar éis éileamh a chur isteach faoin Roinn seo, aon bhearta sna himeachtaí le linn 180 lá as a chéile tar éis é a chuir isteach ,nó le linn cibé tréimhse a chomhaontóidh na páirtithe díospóideacha, measfar go mbeidh an t-éileamh tarraingthe siar ag an éilitheoir agus go mbeidh scortha aige den imeacht. Arna iarraidh sin don bhfreagróir, agus tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe díospóideacha, tabharfaidh an Binse aird in ordú ar an scor den imeacht agus eiseoidh sé dámhachtain maidir le costais. Rachaidh údarás an Bhinse in éag, tar éis an t-ordú sin a thabhairt. Ní fhéadfaidh an t-éilitheoir éileamh a chur isteach ina dhiaidh sin maidir leis an ábhar céanna.

Airteagal 17.47

Urrús i leith costas

1. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, arna iarraidh sin don bhfreagróir, féadfaidh an Binse a ordú don éilitheoir urrús a sholáthar i leith na gcostas uile nó cuid de na costais má bhíonn forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhféadfar nach mbeadh an t-éilitheoir in ann cinneadh féideartha maidir le costais a eisítear ina aghaidh a chomhlíonadh.

2. Mura soláthraítear an t-urrús i leith costas laistigh de 30 lá d'ordú an Bhinse nó laistigh d'aon tréimhse eile a shocróidh an Binse, cuirfidh an Binse na páirtithe díospóideacha ar an eolas i ndáil leis sin agus féadfaidh sé a ordú go gcuirfí na himeachtaí ar fionraí nó go bhfoirceannfar iad.

3. Déanfaidh an Binse an fhianaise go léir a sholáthraítear i ndáil leis na himthosca dá dtagraítear i mír 1 a bhreithniú, lena n-áirítear cistiú tríú páirtí a bheith ann.

Airteagal 17.48

An Páirtí neamhdhíospóideach

1. Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis aon díospóid lena mbaineann faisnéis rúnda nó chosanta a fháil nó go pras tar éis aon díospóid den sórt sin a réiteach, seachadfaidh freagróir an méid seo a leanas don Pháirtí neamhdhíospóideach:

(a) an iarraidh ar chomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.27, an fógra lena n-iarrtar cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 17.28 agus an t-éileamh dá dtagraítear in Airteagal 17.30 agus aon doiciméad eile a chuirtear le doiciméid den sórt sin;

(b) arna iarraidh sin don Pháirtí neamhdhíospóideach:

(i) pléadálacha, meabhracháin, mionteagaisc, iarrataí agus aighneachtaí eile a dhéanann páirtí díospóideach chuig an mBinse;

(ii) aighneachtaí i scríbhinn a dhéanfaidh tríú duine chuig an mBinse;

(iii) miontuairiscí nó tras-scríbhinní d'éisteachtaí an Bhinse, má bhíonn siad ar fáil; agus

(iv) orduithe, dámhachtainí agus cinntí ón mBinse; agus

(c) an fhaisnéis ar fad a thugtar don Bhinse, nó cuid den fhaisnéis sin, arna iarraidh sin don Pháirtí neamhdhíospóideach agus ar chostas an Pháirtí neamhdhíospóidigh.

2. Tá sé de cheart ag an bPáirtí neamhdhíospóideach freastal ar éisteacht a chuirfear ar siúl faoin Roinn seo.

3. Glacfaidh an Binse le haighneachtaí ó bhéal nó aighneachtaí i scríbhinn ón bPáirtí neamhdhíospóideach maidir le saincheisteanna a bhaineann le léirmhíniú an Chomhaontaithe seo, nó iarrfaidh an Binse na haighneachtaí sin ón bPáirtí neamhdhíospóideach tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe díospóideacha. Áiritheoidh an Binse go dtabharfar deis réasúnach do na páirtithe díospóideacha a mbarúlacha maidir le haon aighneacht ón bPáirtí neamhdhíospóideach a chur in iúl.

Airteagal 17.49

Idiragairt tríú páirtithe

1. Ceadóidh an Binse d'aon duine a fhéadfaidh leas díreach agus láithreach a shuíomh in imthosca sonracha na díospóide ('an t-idiragraí') idiragairt a dhéanamh mar thríú páirtí. Beidh an idiragairt teoranta do thacú, go hiomlán nó go páirteach, le seasamh dlíthiúil ceann de na páirtithe díospóideacha.

2. Ní mór iarratas ar idiragairt a chur isteach laistigh de 90 lá tar éis fhoilsiú chur isteach an éilimh de bhun Airteagal 17.30. Tabharfaidh an Binse rialú ar an iarratas laistigh de 90 lá ón dáta ar taisceadh an t-iarratas sin, tar éis deis a thabhairt do na páirtithe díospóideacha a mbarúlacha a thíolacadh.

3. Má dheonaítear an t-iarratas ar idiragairt, gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach ordú nós imeachta a sheirbheálfar ar na páirtithe díospóideacha, cé is moite d'fhaisnéis rúnda nó chosanta, más infheidhme. Féadfaidh an t-idiragraí ráiteas idirghabhála a chur isteach laistigh de thréimhse ama a shocróidh an Binse tar éis na horduithe nós imeachta a chur in iúl. Beidh deis ag na páirtithe díospóideacha freagra a thabhairt ar an ráiteas idiragartha. Ceadófar don idiragraí freastal ar na héisteachtaí a thionólfar faoin Roinn seo agus ráiteas ó bhéal a dhéanamh.

4. I gcás achomhairc, beidh an t-idiragraí i dteideal idirghabháil a dhéanamh os comhair an Bhinse Achomhairc. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 3.

5. Tá an ceart chun idiragartha a thugtar leis an Airteagal seo gan dochar don fhéidearthacht atá ag an mBinse glacadh le mionteagaisc *amicus curiae* ó thríú daoine a bhfuil leas suntasach acu sna himeachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialacha Trédhearcachta UNCITRAL.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, más rud é gur creidiúnaí de chuid an éilitheora duine, ní mheasfar gur leor ann féin é chun a shuíomh go bhfuil leas díreach láithreach ag an duine sin in imthosca sonracha na díospóide.

Airteagal 17.50

Tuarascálacha ó shaineolaithe

Gan dochar do cheapachán cineálacha eile saineolaithe i gcás ina n-údaraítear sin leis na rialacha is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 17.30(2), arna iarraidh sin do pháirtí díospóideach, nó ar a thionscnamh féin tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe díospóideacha, féadfaidh an Binse saineolaí amháin nó níos mó a cheapadh chun tuairisciú dó i scríbhinn maidir le haon saincheist fhíorasach a bhaineann le hábhair chomhshaoil, sláinte nó sábháilteachta, nó ábhair eile a ardódh páirtí díospóideach sna himeachtaí.

Airteagal 17.51

Slánú nó cúiteamh eile

An fíoras go bhfuair nó go bhfaighidh infheisteoir nó, más infheidhme, fiontar atá bunaithe go háitiúil slánú nó cúiteamh eile de bhun conradh árachais nó ráthaíochta i leith an chúitimh ar fad, nó cuid den chúiteamh, atá á lorg i ndíospóid arna tionscnamh de bhun na Roinne seo, ní ghlacfaidh an Binse mar chosaint bhailí , le frithéileamh, le ceart chun fritháirimh nó le dearbhú comhchosúil chuige sin.

Airteagal 17.52

Ról na bPáirtithe

1. Ní thionscnóidh Páirtí éileamh idirnáisiúnta maidir le díospóid a chuirtear isteach de bhun Airteagal 17.30, mura gcloíonn an Páirtí eile leis an dámhachtain a thabharfar i ndíospóid den sórt sin agus mura gcomhlíonann sé í. Ní eisiafar leis sin an fhéidearthacht go mbeadh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 38 ann maidir le beart a bhfuil feidhm ghinearálta

aige, fiú má líomhnaítear gur sáraíodh an Comhaontú seo leis an mbeart sin a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht shonrach ar ina leith a tionscnaíodh díospóid de bhun Airteagal 17.30. Tá an mhír seo gan dochar d'Airteagal 17.48.

2. Ní chuirtear le mír 1 aon bhac ar mhalartuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh chun réiteach na díospóide a éascú agus chuige sin amháin.

Airteagal 17.53

Comhdhlúthú

1. Má bhíonn ceist dlí nó fíorais i gcoiteann ag dhá éileamh nó níos mó a cuireadh isteach go leithleach faoin Roinn seo agus go n-eascraíonn siad as na teagmhais agus na himthosca céanna, féadfaidh an freagróir iarraidh a chur faoi bhráid Uachtarán an Bhinse chun breithniú comhdhlúite a dhéanamh ar na héilimh sin uile nó ar chodanna díobh. Déanfar an méid seo a leanas a leagan síos san iarraidh:

(a) ainmneacha agus seoltaí na bpáirtithe díospóideacha sna héilimh a bhfuiltear ag iarraidh iad a chomhdhlúthú;

(b) raon feidhme an chomhdhlúthaithe a lorgaítear; agus

(c) forais na hiarrata a lorgaítear.

2. Seachadfaidh an freagróir an iarraidh ar gach éilitheoir sna héilimh a bhféachann an freagróir lena chomhdhlúthú.

3. Má chomhaontaíonn gach páirtí díospóideach sna héilimh a bhfuiltear ag iarraidh iad a chomhdhlúthú ar bhreithniú comhdhlúite na n-éileamh, cuirfidh na páirtithe díospóideacha sin iarraidh chomhpháirteach faoi bhráid Uachtarán an Bhinse de bhun mhír 1. Mura gcinnfidh Uachtarán an Bhinse gur follasach go bhfuil an iarraidh gan bhunús, bunóidh Uachtarán an Bhinse, laistigh de 30 lá tar éis dó an iarraidh sin a fháil, rannán nua (an 'rannóg comhdhlúthaithe') den Bhinse de bhun Airteagal 17.34, a mbeidh dlínse aige ar chuid de na héilimh nó ar na héilimh uile, go hiomlán nó go páirteach, atá faoi réir na hiarrata sin.

4. Mura mbeidh na páirtithe díospóideacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo tar éis teacht ar chomhaontú maidir le comhdhlúthú laistigh de 30 lá tar éis don éilitheoir deireanach an iarraidh ar chomhdhlúthú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a fháil, beidh Uachtarán an Bhinse ina rannóg comhdhlúthaithe den Bhinse de bhun Airteagal 17.34. Glacfaidh an rannóg comhdhlúthaithe dlínse chuici féin ar chuid de na héilimh nó ar na héilimh uile, go hiomlán nó go páirteach, más rud é, tar éis tuairimí na bpáirtithe díospóideacha a bhreithniú, gur deimhin léi go bhfuil ceist dlí nó fíorais i gcoiteann ag na héilimh arna gcur isteach de bhun Airteagal 17.30 agus go n-eascraíonn siad as na teagmhais nó na himthosca céanna, agus go bhfreastalódh comhdhlúthú ar an mbealach is fearr ar leasanna um réiteach cothrom éifeachtúil na n-éileamh, lena n-áirítear an leas um chomhsheasmhacht dámhachtainí.

5. Más rud é nár chomhaontaigh na héilitheoirí na rialacha maidir le réiteach díospóidí dá bhforáiltear sa liosta a leagtar amach in Airteagal 17.30(2) laistigh de 30 lá ón dáta a fuair an t-éilitheoir deireanach an iarraidh ar breithniú chomhdhlúite, cuirfear breithniú comhdhlúite na n-éileamh faoi bhráid na rannóige comhdhlúthaithe den Bhinse faoi chur i bhfeidhm Rialacha Eadrána UNCITRAL faoi réir na rialacha a leagtar amach sa Roinn seo.

6. Géillfidh rannóga den Bhinse arna mbunú de bhun Airteagal 17.34 dlínse i dtaca leis na héilimh, nó codanna díobh, a bhfuil dlínse ag an rannóg comhdhlúthaithe orthu, agus cuirfear imeachtaí de rannóga den sórt sin ar fionraí. Dámhachtain na rannóige comhdhlúthaithe den Bhinse i ndáil leis na codanna de na héilimh ar ghlac sé dlínse orthu, beidh sí ina ceangal ar na rannóga a bhfuil dlínse acu ar an gcuid eile de na héilimh amhail ón dáta a bheidh an dámhachtain ina dámhachtain chríochnaitheach de bhun Airteagal 17.56.

7. Féadfaidh éilitheoir a bhfuil a éileamh faoi réir comhdhlúthú a éileamh, nó an chuid de atá faoi réir comhdhlúthú, a tharraingt siar ó na himeachtaí um réiteach díospóidí faoin Airteagal seo, agus, sa chás sin, ní fhéadfar an t-éileamh sin nó cuid de a chur isteach arís de bhun Airteagal 17.30.

8. Arna iarraidh sin don fhreagróir, féadfaidh rannóg comhdhlúthaithe den Bhinse, ar an mbonn céanna agus leis an éifeacht chéanna agus atá i mír 3 go mír 6, a chinneadh an mbeidh dlínse aici ar éileamh ina iomláine nó ar chuid de, ar éileamh é a thagann faoi raon feidhme mhír 1 agus a chuirfear isteach tar éis na himeachtaí comhdhlúthaithe a thionscnamh.

9. Arna iarraidh sin do dhuine de na héilitheoirí, féadfaidh rannóg comhdhlúthaithe den Bhinse bearta a dhéanamh chun rúndacht faisnéise rúnda nó cosanta an éilitheora sin a chaomhnú i leith éilitheoirí eile. Is féidir go n-áireofar leis na bearta sin leaganacha folaithe de dhoiciméid ina bhfuil faisnéis rúnda nó chosanta a chur chuig na héilitheoirí eile, nó socruithe chun codanna den éisteacht a chur ar siúl go príobháideach.

Airteagal 17.54

Dámhachtain shealadach

1. Má thagann an Binse ar an gconclúid gur sháraigh an freagróir aon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1) mar arna líomhain ag an éilitheoir, ní fhéadfaidh an Binse, ar bhonn iarraidh ón éilitheoir agus tar éis dó na páirtithe díospóideacha a éisteacht, ach na nithe seo a leanas a dheonú:

(a) damáistí airgid agus aon ús is infheidhme; agus

(b) aiseag maoine, sa chás ina bhforálfar leis an dámhachtain go bhféadfaidh an freagróir damáistí airgid, agus aon ús is infheidhme a íoc in ionad aisig, arna chinneadh ar bhealach atá i gcomhréir le hAirteagal 17.19.

I gcás inar cuireadh an t-éileamh isteach thar ceann fiontair atá bunaithe go háitiúil, forálfar le haon dámhachtain faoin mír seo:

(a) go n-íocfar damáistí airgeadúla agus aon ús leis an bhfiontar atá bunaithe go háitiúil;

(b) go ndéanfar aiseag maoine leis an bhfiontar atá bunaithe go háitiúil.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhéadfaidh an Binse leigheasanna eile seachas na cinn dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dheonú, ná ní fhéadfaidh sé a ordú go n-aisghairfí an beart lena mbaineann, go scoirfí de nó go ndéanfaí é a mhodhnú.

2. Ní bheidh damáistí airgid níos mó ná an caillteanas a d'fhulaing an t-éilitheoir nó an fiontair atá bunaithe go háitiúil, má ghníomhaigh an t-éilitheoir thar ceann an fhiontair atá bunaithe go háitiúil, de thoradh sárú ar na forálacha ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1), arna laghdú ag aon damáiste nó aon chúiteamh a sholáthair an Páirtí lena mbaineann cheana. Bunóidh an Binse damáistí airgeadaíochta den sórt sin ar bhonn aighneachtaí na bpáirtithe díospóideacha, agus breithneoidh sé, más infheidhme, an locht rannpháirteach, bíodh sé d'aon ghnó nó le faillí, nó mainneachtain damáistí a mhaolú.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, má chuireann infheisteoir de chuid Páirtí éileamh isteach de bhun Airteagal 17.30, féadfaidh sé caillteanas nó damáiste atá tabhaithe aige a aisghabháil ina cháil mar infheisteoir de chuid Páirtí.

4. Ní fhéadfaidh an Binse damáistí pionósacha a dhámhachtain.

5. Ordóidh an Binse gurb é an páirtí díospóideach nár éirigh leis a íocfaidh costais sheoladh na n-imeachtaí. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Binse costais den sórt sin a chionroinnt idir na páirtithe díospóideacha má chinneann sé go bhfuil an chionroinnt sin iomchuí in imthosca an cháis.

6. Leithdháilfidh an Binse costais réasúnta eile freisin, lena n-áirítear costais réasúnta na hionadaíochta dlíthiúla agus an chúnaimh dhlíthiúil, a bheidh le híoc ag an bpáirtí díospóideach nár éirigh leis agus éileamh á dhíbhe aige, agus déanfaidh sé dámhachtain de bhun Airteagal 17.42 nó 17.43. In imthosca eile, cinnfidh an Binse leithdháileadh costas réasúnta eile, lena n-áirítear na costais réasúnta a bhaineann le hionadaíocht dhlíthiúil agus cúnamh i measc na bpáirtithe díospóideacha, agus toradh na n-imeachtaí agus imthosca ábhartha eile á gcur san áireamh, amhail iompar na bpáirtithe díospóideacha.

7. Mura n-éiríonn ach le roinnt codanna de na héilimh, coigeartófar na costais i gcomhréir le líon nó méid na gcodanna de na héilimh ar éirigh leo.

8. Déanfaidh an Binse Achomhairc costais a bhunú agus a chionroinnt i gcomhréir leis an Airteagal seo.

9. Glacfaidh an Comhchoiste, tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, rialacha breise maidir le táillí chun a chinneadh méid uasta chostais na hionadaíochta dlíthiúla agus an chúnaimh ionadaíochta a fhéadfaidh catagóirí sonracha de pháirtithe díospóideacha nach n-éiríonn leo a sheasamh, agus a n-acmhainní airgeadais á gcur san áireamh.

10. Eiseoidh an Binse dámhachtain shealadach laistigh de 24 mhí ón dáta a thíolacfar an t-éileamh. Mura féidir an spriocdháta sin a urramú, glacfaidh an Binse cinneadh chuige sin, cinneadh ina sonrófar do na páirtithe díospóideacha na cúiseanna leis an moill sin agus ina léireofar dáta measta maidir leis an dámhachtain shealadach a eisiúint.

Airteagal 17.55

Nós imeachta achomhairc

1. Féadfaidh ceachtar de na páirtithe díospóideacha achomharc a dhéanamh i gcoinne dámhachtain shealadach os comhair an Bhinse Achomhairc, laistigh de 90 lá tar éis a eisiúna. Is iad seo a leanas na forais le haghaidh achomhairc:

(a) tá earráid déanta ag an mBinse maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an dlí is infheidhme;

(b) tá earráidí follasacha déanta ag an mBinse sa tuiscint ar na fíorais, lena n-áirítear, más infheidhme, an tuiscint ar dhlí Pháirtí; nó

(c) na cinn dá ndéantar foráil in Airteagal 52 de Choinbhinsiún ICSID, a mhéid is nach gcumhdaítear iad le fomhíreanna (a) nó (b) den mhír seo.

2. Diúltóidh an Binse Achomhairc don achomharc i gcás ina gcinnfidh sé go bhfuil an t-achomharc gan bhunús. Féadfaidh sé freisin diúltú don achomharc ar bhonn brostaithe i gcás inar léir go bhfuil an t-achomharc go follasach gan bhunús.

3. Má chinneann an Binse Achomhairc go bhfuil bunús leis an achomharc, déanfar leis an gcinneadh ón mBinse Achomhairc na torthaí agus conclúidí dlíthiúla sa dámhachtain shealadach a mhodhnú nó a fhreaschur go hiomlán nó go páirteach. Sonrófar go beacht ina chinneadh conas a mhodhnaigh nó a freaschuireadh torthaí agus conclúidí ábhartha an Bhinse.

4. Má cheadaíonn na fíorais arna mbunú ag an mBinse é, déanfaidh an Binse Achomhairc a chinntí dlíthiúla agus a chonclúidí dlíthiúla féin a chur chun feidhme maidir leis na fíorais sin agus cinneadh críochnaitheach a dhéanamh. Mura féidir é sin a dhéanamh, déanfaidh sé an t-ábhar a tharchur ar ais chuig an mBinse.

5. Mar riail ghinearálta, ní rachaidh na himeachtaí achomhairc thar 180 lá ón dáta a dtabharfar fógra foirmiúil faoi chinneadh páirtí díospóideach achomharc a dhéanamh go dtí dáta eisiúna chinneadh an Bhinse Achomhairc. I gcás ina measfaidh an Binse Achomhairc nach féidir leis a chinneadh a eisiúint laistigh den tréimhse 180 lá sin, cuirfidh sé na páirtithe díospóideacha ar an eolas i scríbhinn faoi chúiseanna na moille mar aon le meastachán ar an tréimhse ar lena linn a eiseoidh sé a chinneadh. Ní rachaidh na himeachtaí, in aon chás, thar 270 lá.

6. Tabharfaidh páirtí díospóideach a chuireann achomharc isteach urrús le haghaidh chostais an achomhairc.

7. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 17.33, 17.44, 17.45, 17.46, 17.48 agus, más ábhartha, ag forálacha eile den Roinn seo maidir leis an nós imeachta achomhairc.

Airteagal 17.56

Dámhachtain chríochnaitheach

1. Beidh dámhachtain shealadach a eiseofar de bhun na Roinne seo ina dámhachtain chríochnaitheach má rinne ceachtar de na páirtithe díospóideacha achomharc i gcoinne na dámhachtana sealadaí de bhun Airteagal 17.55.

2. Má rinneadh achomharc ar dhámhachtain shealadach agus gur dhiúltaigh an Binse Achomhairc don achomharc de bhun Airteagal 17.55, beidh an dámhachtain shealadach ina dámhachtain chríochnaitheach ar an dáta a ndiúltaíonn an Binse Achomhairc don achomharc.

3. Má rinneadh achomharc i gcoinne dámhachtain shealadach agus má thug an Binse Achomhairc cinneadh críochnaitheach, beidh an dámhachtain shealadach arna modhnú nó arna fhreaschur ag an mBinse Achomhairc ina dámhachtain chríochnaitheach ar dháta eisiúna an chinnidh deiridh ón mBinse Achomhairc.

4. Má rinneadh achomharc i gcoinne dámhachtain shealadach agus má rinneadh an Binse Achomhairc cinntí agus conclúidí dlíthiúla na dámhachtana sealadaí a mhodhnú nó a fhreaschur agus an t-ábhar a tharchur ar ais chuig an mBinse, déanfaidh an Binse, tar éis na páirtithe díospóideacha a éisteacht, más iomchuí, a dhámhachtain shealadach a athbhreithniú chun cinntí agus conclúidí an Bhinse Achomhairc a léiriú. Beidh an Binse faoi cheangal ag na cinntí ón mBinse Achomhairc. Féachfaidh an Binse lena dhámhachtain athbhreithnithe a eisiúint laistigh de 90 lá tar éis dó an cinneadh a fháil ón mBinse Achomhairc. Beidh an dámhachtain shealadach athbhreithnithe ina dámhachtain chríochnaitheach 90 lá tar éis a heisiúna.

5. Áireofar sa dámhachtain chríochnaitheach aon chinneadh críochnaitheach ón mBinse Achomhairc a thabharfar de bhun Airteagal 17.55.

Airteagal 17.57

Forfheidhmiú dámhachtainí

1. Ní bheifear in ann dámhachtain a thabharfar de bhun na Roinne seo a fhorfheidhmiú go dtí go mbeidh sé críochnaitheach de bhun Airteagal 17.56. Beidh dámhachtain chríochnaitheach a eiseofar de bhun na Roinne seo ina cheangal ar na páirtithe díospóideacha agus ní bheidh sé faoi réir achomhairc, athbhreithniú, cur i leataobh, neamhniú nó aon leigheas eile ([57]).

2. Aithneoidh gach Páirtí gur dámhachtain cheangailteach a bheidh i ndámhachtain a thabharfar de bhun na Roinne seo agus forfheidhmeoidh sé an oibleagáid airgeadais laistigh dá chríoch amhail is gur bhreith chríochnaitheach ó bhinse nó cúirt intíre den Pháirtí sin é.

3. Rialófar forghníomhú na dámhachtana leis na dlíthe agus na rialacháin a bhaineann le forghníomhú na mbreithiúnas nó na ndámhachtainí atá i bhfeidhm san áit a lorgaítear an forghníomhú sin.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní choiscfear le hAirteagal 41.10 aithint, forghníomhú ná forfheidhmiú dámhachtainí a thabharfar de bhun na Roinne seo.

5. Chun críocha Airteagal 1 de Choinbhinsiún Nua-Eabhrac, maidir le dámhachtainí críochnaitheacha a eisítear de bhun na Roinne seo, is dámhachtainí eadrána iad a bhaineann le héilimh a mheastar mar éilimh a eascraíonn as caidreamh tráchtála nó idirbheart tráchtála.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, agus faoi réir mhír 1 den Airteagal seo, má cuireadh éileamh isteach le haghaidh réiteach díospóidí de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 17.30(2) den Chomhaontú seo, cáileoidh dámhachtain chríochnaitheach arna heisiúint de bhun na Roinne seo mar dhámhachtain faoi Roinn 6 de Choinbhinsiún ICSID.

CAIBIDIL 18

TRÁDÁIL TRASTEORANN I SEIRBHÍSÍ

Airteagal 18.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear don trádáil trasteorann i seirbhísí arna soláthar ag soláthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile. Áirítear ar na bearta sin bearta a dhéanann difear don mhéid seo a leanas:

(a) seirbhís a tháirgeadh, a dháileadh, a mhargú, a dhíol agus a sholáthar;

(b) ceannach nó úsáid seirbhíse, nó íocaíocht a dhéanamh as seirbhís;

(c) i ndáil le seirbhís a sholáthar, rochtain ar sheirbhísí agus úsáid seirbhísí a n-éilíonn Páirtí go dtairgfí iad don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear dáileadh, iompar agus líonra teileachumarsáide; agus

(d) soláthar barra nó cineáil eile urrúis airgeadais, mar choinníoll i ndáil le soláthar seirbhíse.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid a leanas:

(a) seirbhísí airgeadais, mar a shainmhínítear in Airteagal 25.2;

(b) seirbhísí closamhairc;

([57]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear bac, leis seo, ar pháirtí a iarraidh ar an mBinse dámhachtain a athbhreithniú nó a léirmhíniú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le réiteach díospóidí i gcás ina mbíonn an fhéidearthacht sin ar fáil faoi na rialacha is infheidhme sin.

(c) cabatáiste muirí náisiúnta ([58]);

(d) seirbhísí aeir náisiúnta agus idirnáisiúnta nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le seirbhísí aeir ([59]), bíodh siad sceidealaithe nó ná bíodh, agus seirbhísí a bhaineann go díreach le feidhmiú ceart tráchta, seachas:

(i) seirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaigh a dtugtar aerárthach as seirbhís le linn a bhfeidhmiú;

(ii) díol agus margaíocht seirbhísí aeriompair;

(iii) seirbhísí córais áirithinte ar ríomhaire (CAR); agus

(iv) seirbhísí láimhseála ar an talamh;

(e) soláthar poiblí; agus

(f) fóirdheontais ná deontais arna soláthar ag Páirtí nó ag fiontair faoi úinéireacht stáit, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

Airteagal 18.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C:

(a) ciallaíonn 'seirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaigh' na gníomhaíochtaí sin arna ndéanamh le haerárthach nó le cuid de le linn dó a bheith tarraingthe siar ó sheirbhís, agus ní áirítear leo an ní ar a dtugtar gnáthchothabháil;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí córais áirithinte ar ríomhaire (CRS)' seirbhís a sholáthraítear le córais ríomhairithe ina bhfuil faisnéis faoi sceidil, infhaighteacht, táillí agus rialacha táillí aeriompróirí, ar córais iad trínar féidir áirithintí a dhéanamh nó ticéid a eisiúint;

(c) ciallaíonn 'trádáil trasteorann i seirbhísí' nó 'soláthar trasteorann seirbhísí' seirbhís a sholáthar:

(i) ó chríoch Páirtí isteach i gcríoch an Pháirtí eile; nó

(ii) i gcríoch Páirtí chuig tomhaltóir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile;

(d) ciallaíonn 'fiontar' duine dlítheanach, brainse nó oifig ionadaíochta arna mbunú trí bhunaíocht;

(e) ciallaíonn 'seirbhísí láimhseála ar an talamh' na seirbhísí seo a leanas a chuirtear ar fáil ag aerfort ar bhonn táille nó conartha: ionadaíocht, riarachán agus maoirseacht aeriompróra; láimhseáil paisinéirí; láimhseáil bagáiste; seirbhísí rampa; lónadóireacht, ach amháin i gcás bia a ullmhú; láimhseáil aerlasta agus poist; breoslú aerárthaigh; seirbhísiú agus glanadh aerárthaí; iompar de mhuir agus de thír; agus oibriú eitilte, riar foirne agus pleanáil eitiltí; ní áirítear na seirbhísí seo a leanas le seirbhísí láimhseála ar an talamh: féinseirbhís láimhseála; slándáil; gnáthchothabháil; deisiú agus cothabháil aerárthaí; nó bonneagar láraithe aerfoirt, atá fíor-riachtanach, a bhainistiú nó a oibriú, amhail saoráidí dí-oighrithe, córais dáilte breosla, córais láimhseála bagáiste agus córais iompair fhosaithe laistigh den aerfort;

([58]) Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, cumhdaíonn cabatáiste náisiúnta muirí faoin gCaibidil seo paisinéirí nó earraí a iompar idir calafort nó pointe atá suite sa tSile nó i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa tSile nó sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite sa tSile nó i mBallstát den Aontas Eorpach.

([59]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le haersheirbhísí nó seirbhísí gaolmhara mar thaca le haersheirbhísí, áirítear na seirbhísí seo a leanas: an t-aeriompar; seirbhísí a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aerárthach nach é is príomhchuspóir dó earraí nó paisinéirí a iompar, amhail oiliúint eitilte maidir le haerchomhrac dóiteáin, fámaireacht, spraeáil, suirbhéireacht, mapáil, grianghrafadóireacht, léim pharaisiúit, tarraingt faoileoirí, ardú le héileacaptar chun lománaíocht agus tógáil a dhéanamh, agus aersheirbhísí talmhaíochta, tionsclaíocha agus cigireachta eile; aerárthaí a fháil ar cíos le criú; agus seirbhísí oibriúcháin aerfoirt.

(f) ciallaíonn ‘duine dlítheanach de chuid Páirtí’ ([60]):

(i) i gcás an Pháirtí AE:

(A) duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi dhlí ceann amháin dá Bhallstáit ar a laghad agus atá i mbun oibríochtaí gnó substainteacha ([61]) i gcríoch an Aontais Eorpaigh; agus

(B) cuideachtaí loingseoireachta a bunaítear lasmuigh den Aontas Eorpach, agus atá á rialú ag daoine nádúrtha de chuid Ballstáit, a bhfuil a soithí cláraithe i mBallstát agus a bhfuil bratach an Bhallstáit ar foluain acu;

(ii) i gcás na Sile:

(A) duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí na Sile agus atá ag gabháil d’oibríochtaí gnó substainteacha i gcríoch na Sile; agus

(B) cuideachtaí loingseoireachta atá bunaithe lasmuigh den tSile, agus atá á rialú ag daoine nádúrtha de chuid na Sile, a bhfuil a soithí cláraithe sa tSile agus a bhfuil bratach na Sile ar foluain acu;

(g) ciallaíonn ‘díol agus margaíocht seirbhísí aeriompair’ na deiseanna atá ag an aeriompróir lena mbaineann a chuid seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú faoi shaoirse, lena n-áirítear gach gné den mhargaíocht, amhail taighde margaidh, fógraíocht agus dáileadh; ní áirítear leis na gníomhaíochtaí sin praghsáil seirbhísí aeriompair ná na coinníollacha is infheidhme;

(h) ciallaíonn ‘seirbhís’ aon seirbhís in aon earnáil seachas seirbhísí arna soláthar i bhfeidhmiú údaráis rialtais;

(i) ciallaíonn ‘seirbhís arna soláthar i bhfeidhmiú údaráis rialtais’ aon seirbhís nach soláthraítear ar bhonn tráchtála ná san iomaíocht le soláthróirí seirbhíse amháin nó níos mó; agus

(j) ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse de chuid Páirtí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí a fhéachann le seirbhís a sholáthar nó a sholáthraíonn seirbhís.

Airteagal 18.3

An ceart chun rialála

Athdheimhníonn na Páirtithe an ceart chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar shampla sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas, sábháilteacht, an comhshaol, lena n-áirítear athrú aeráide, agus an mhoráltacht phoiblí a chosaint, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideacht agus cosaint sonraí nó éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint.

Airteagal 18.4

Cóir náisiúnta

1. Déanfaidh gach Páirtí cóir a thabhairt do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse dá chuid féin.

2. Is éard is brí leis an gcóir a thugann Páirtí faoi mhír 1:

(a) maidir le rialtas réigiúnach nó áitiúil de chuid na Sile, ciallaíonn sé cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí a thugann an leibhéal rialtais sin, i gcúinsí den chineál céanna, dá sheirbhísí féin agus dá sholáthróirí seirbhíse féin;

([60]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheastar gur daoine dlítheanacha de chuid Páirtí iad na cuideachtaí loingseoireachta dá dtagraítear sa sainmhíniú seo ach amháin i leith a ngníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí muiriompair a sholáthar.

([61]) I gcomhréir lena fhógra faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh don EDT (WT/REG39/1), tá an tuiscint ag an bPáirtí AE gurb ionann an coincheap ‘nasc éifeachtach agus leanúnach’ le geilleagar Ballstáit den Aontas atá cumhdaithe in Airteagal 54 den Chomhaontú ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh coibhéiseach agus an coincheap ‘oibríochtaí gnó substainteacha’.

(b) maidir le rialtas de chuid Ballstáit nó i mBallstát, ciallaíonn sé cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí a thugann an rialtas sin, i gcúinsí den chineál céanna, dá sheirbhísí féin agus dá sholáthróirí seirbhíse féin.

3. Féadfaidh Páirtí ceanglas a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh trí chóir atá comhionann go foirmiúil nó cóir atá éagsúil go foirmiúil leis an gcóir a thugann sé dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhíse féin a thabhairt do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse an Pháirtí eile.

4. Cóir atá comhionann go foirmiúil nó cóir atá éagsúil go foirmiúil, measfar nach bhfuil sí chomh fabhrach sin más rud é go modhnaítear na coinníollacha iomaíochta léi i bhfabhar seirbhísí nó soláthróirí seirbhíse Páirtí i gcomparáid le soláthróirí seirbhíse an Pháirtí eile.

5. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí cúiteamh a thabhairt i leith míbhuntáistí dúchasacha iomaíocha a eascraíonn as gné eachtrach na seirbhísí nó na soláthróirí seirbhíse iomchuí.

Airteagal 18.5

Cóir an náisiúin barrfhabhair

1. Tabharfaidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhíse agus seirbhísí de chuid an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna, do sholáthróirí seirbhíse agus seirbhísí de chuid tríú tír.

2. Ní fhorléireofar mír 1 mar mhír chun a chur d'oibleagáid ar Pháirtí tairbhe aon chóra a thabhairt do sheirbhísí ná do sholáthróirí seirbhíse an Pháirtí eile ar cóir í a eascraíonn as bearta lena ndéantar foráil d'aitheantas a thabhairt do na caighdeáin, lena n-áirítear do chaighdeáin nó do na critéir chun duine nádúrtha nó fiontar a údarú, nó chun ceadúnas nó deimhniúchán a thabhairt dóibh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, nó aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear nósanna imeachta um réiteach díospóidí ná sásraí dá bhforáiltear i gcomhaontuithe trádála nó conarthaí idirnáisiúnta eile leis an 'gcóir' dá dtagraítear i mír 1. Ní hionann na forálacha substainteacha iad féin atá i gconarthaí idirnáisiúnta nó i gcomhaontuithe trádála eile agus 'cóir' dá dtagraítear i mír 1, agus mar sin ní fhéadfadh sárú an Airteagail seo a bheith mar thoradh orthu, in éagmais bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun. Féadfaidh bearta Páirtí, a chuirtear i bhfeidhm de bhun forálacha substainteacha den sórt sin, a bheith ina 'gcóir' faoin Airteagal seo agus, dá bhrí sin, féadfaidh sárú ar an Airteagal seo eascairt astu.

Airteagal 18.6

Láithreacht áitiúil

Ní cheanglóidh Páirtí ar sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile fiontar a chur ar bun nó a choinneáil ar bun nó cónaí a bheith air i gcríoch Páirtí mar choinníoll le soláthar trasteorann seirbhíse.

Airteagal 18.7

Rochtain ar an margadh

Sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha ina ndéantar gealltanais maidir le rochtain ar an margadh, ní dhéanfaidh Páirtí, ar bhonn a chríche iomláine nó ar bhonn foroinn chríochach, bearta lena ndéantar an méid seo a leanas an méid seo a leanas:

(a) bearta lena gcuirfear teorainneacha le:

(i) an líon soláthróirí seirbhíse, bíodh sé i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí nó soláthróirí seirbhíse eisiacha nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(ii) luach iomlán na n-idirbheart seirbhíse nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(iii) an líon iomlán oibríochtaí seirbhíse nó cainníocht iomlán an aschuir seirbhísí a shloinntear mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch ([62]); nó

(iv) líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil seirbhísí áirithe nó a fhéadfaidh soláthróir seirbhísí a fhostú, ar daoine iad is gá i leith seirbhís shonrach a fheidhmiú agus a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeidhmiú sin, i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha; nó

(b) lena ndéanfar cineálacha sonracha eintitis dhlíthiúil nó comhfhiontair trínar féidir le soláthróir seirbhíse seirbhís a sholáthar a shrianadh nó lena ndéanfar riachtanach iad.

Airteagal 18.8

Bearta neamh-chomhréireacha

1. Níl feidhm ag Airteagail 18.4, 18.5 agus 18.6 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana a gcoinníonn aon cheann de na comhlachtaí seo a leanas ar bun é:

(i) i gcás an Pháirtí AE:

(A) an tAontas Eorpach, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1;

(B) rialtas láir Ballstáit, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1;

(C) leibhéal réigiúnach rialtais Ballstáit, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1; nó

(D) leibhéal áitiúil rialtais; agus

(ii) i gcás na Sile:

(A) an rialtas láir, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-2;

(B) leibhéal réigiúnach rialtais, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-2; nó

(C) leibhéal áitiúil rialtais;

(b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo, nó athnuachan pras birt neamh-chomhréirigh; nó

(c) modhnú ar aon bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo a mhéid nach laghdófar leis an modhnú comhréireacht an bhirt, mar a bhí sé go díreach roimh an leasú, i gcomhréir le hAirteagail 18.4, 18.5 agus 18.6.

2. Níl feidhm ag Airteagal 18.4, 18.5 agus 18.6 maidir le haon bheart de chuid Páirtí maidir le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí mar a leagtar amach ina Sceideal in Iarscríbhinn 17-B.

3. Níl feidhm ag Airteagal 18.7 maidir le haon bheart de chuid Páirtí maidir le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí tiomanta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 17-C.

Airteagal 18.9

Diúltú sochar

Féadfaidh Páirtí sochair na Caibidle seo a dhiúltú do sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile má ghlacann an Páirtí diúltaithe bearta a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine a chosaint, nó má choimeádann sé na bearta sin ar bun, ar bearta iad:

(a) lena dtoirmisctear idirbhearta leis an soláthróir seirbhíse sin, nó le duine ar leis an soláthróir seirbhíse sin nó a rialaíonn an soláthróir seirbhíse sin; nó

([62]) Ní chumhdaíonn an fhomhír seo bearta an Pháirtí a chuireann srian ar ionchuir le haghaidh soláthair seirbhísí.

(b) a shárófaí nó a rachfaí timpeall air dá dtabharfaí sochair na Caibidle seo don soláthróir seirbhíse sin.

Airteagal 18.10

An Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht

Bunaítear an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht ('Fochoiste') de bhun Airteagal 8.8(1). Agus aird á tabhairt ar ábhair a bhaineann le seirbhísí, déanfaidh an Fochoiste faireachán ar an gCaibidil seo, ar Chaibidlí 19, 20, 21, 22, 23, 24 agus 26 agus ar Iarscríbhinní 17-A go 17-I, 19-A, 19-B, 19-C, 21-A agus 21-B agus áiritheoidh sé go gcuirfear chun feidhme go cuí iad.

CAIBIDIL 19

LÁITHREACHT SHEALADACH DAOINE NÁDÚRTHA CHUN CRÍOCH GNÓ

Airteagal 19.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a bhaineann le feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha trí dhul isteach agus fanacht sealadach ina chríoch a dhéanann daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile, ar cuairteoirí gnó iad chun críoch bunaíochta, infheisteoirí, aistrithe ionchorparáideacha, cuairteoirí gnó gearrthéarmacha, soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na hearnálacha dá dtagraítear i bhfomhíreanna (b), (c) agus (d) d'Airteagal 18.1(2).

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear do dhaoine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile atá ag lorg rochtain ar a mhargadh fostaíochta, ná níl feidhm aici maidir le bearta i ndáil le saoránacht nó náisiúntacht, cónaí, nó fostaíocht ar bhonn buan.

4. Ní choiscfidh an Chaibidil seo ar Pháirtí bearta a chur i bhfeidhm lena rialaítear teacht isteach dhaoine nádúrtha an Pháirtí eile ina chríoch, nó fanacht dhaoine nádúrtha an Pháirtí eile go sealadach ina chríoch, lena n-áirítear na bearta sin is gá chun sláine daoine nádúrtha a chosaint agus a ngluaiseacht ordúil trasna a theorann a áirithiú, ar choinníoll nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfar neamhniú nó lagú ar na sochair a fhabhraíonn don Pháirtí eile faoin gCuid seo den Chomhaontú seo.

5. An fíor go gceanglaíonn Páirtí víosa a bheith ag daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile, ní fhorléireofar an fíor sin ann féin mar chúis le neamhniú nó lagú a dhéanamh ar shochair a fhabhraítear don Pháirtí eile faoin gCuid seo den Chomhaontú seo.

6. Sa mhéid nach dtugtar faoi ghealltanais faoin gCaibidil seo, leanfar d'fheidhm a bheith ag na ceanglais go léir dá bhforáiltear i ndlí Páirtí maidir le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha, lena n-áirítear dlíthe agus rialacháin a bhaineann leis an tréimhse fanachta.

7. D'ainneoin na Caibidle seo, leanfar d'fheidhm a bheith ag na ceanglais go léir dá bhforáiltear i ndlí Páirtí maidir le hobair agus bearta slándála sóisialta, lena n-áirítear dlíthe agus rialacháin a bhaineann le pá íosta agus comhaontuithe comhchoiteanna pá.

8. Níl feidhm ag gealltanais maidir le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críocha gnó i gcásanna inarb é is aidhm nó is éifeacht don dul isteach agus don fhanacht sealadach cur isteach ar thoradh aon díospóidí nó caibidlíochta saothair nó bainistíochta nó ar fhostaíocht aon duine nádúrtha a bhfuil baint aige leis an díospóid sin, nó tionchar a imirt ar shlí eile ar an toradh sin.

Airteagal 19.2

Sainmhínithe

1. Tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagail 17.2 agus 18.2 maidir leis an gCaibidil seo agus maidir le hIarscríbhinní 19-A, 19-B agus 19-C, cé is moite den sainmhíniú ar infheisteoir de chuid Páirtí i bhfomhír (l) d'Airteagal 17.2(1).

2. Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 19-A, 19-B agus 19-C:

(a) ciallaíonn 'díoltóirí gnó' cuairteoirí gnó gearrthéarmacha:

(i) atá ina n-ionadaithe ó sholáthróir seirbhísí nó earraí de chuid Páirtí chun díolachán seirbhísí nó earraí a chaibidliú nó atá ag déanamh comhaontuithe chun seirbhísí nó earraí a dhíol don soláthróir sin, lena n-áirítear: freastal ar chruinnithe nó comhdhálacha; comhairliúcháin a dhéanamh le comhghleacaithe gnó; agus orduithe a ghlacadh nó conarthaí a chaibidliú le fiontar atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile;

(ii) nach bhfuil seirbhís á soláthar acu faoi chuimsiú conradh arna thabhairt i gcrích idir fiontar nach bhfuil láithreacht tráchtála aige i gcríoch an Pháirtí ina bhfuil na cuairteoirí gnó gearrthéarmacha ag fanacht go sealadach, agus tomhaltóir sa chríoch sin; agus

(iii) nach gníomhairí ar coimisiún iad;

(b) ciallaíonn 'cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta' daoine nádúrtha atá ag obair i bpost sinsearach laistigh de dhuine dlítheanach de chuid Páirtí agus atá freagrach as fiontar de chuid an duine dhlítheanaigh sin a bhunú i gcríoch an Pháirtí eile, ach nach dtairgeann nó nach soláthraíonn seirbhísí agus nach mbíonn ag plé le haon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile seachas gníomhaíocht a theastaíonn chun críoch bunaíochta agus nach bhfaigheann luach saothair ó fhoinse atá suite sa Pháirtí eile;

(c) ciallaíonn 'soláthróirí seirbhísí conarthacha' daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí, ar fiontar é nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile agus nach gníomhaireacht le haghaidh seirbhísí chun pearsanra a lonnú agus a sholáthar é agus nach ngníomhaíonn trí ghníomhaireacht den sórt sin, agus a bhfuil conradh *bona fide* tugtha i gcrích aige chun seirbhísí a sholáthar in éineacht le tomhaltóir deiridh sa Pháirtí eile lena gceanglaítear go mbeidh a fhostaithe i láthair sa Pháirtí eile sin ar bhonn sealadach, chun an conradh chun seirbhísí a sholáthar a chomhlíonadh ([63]);

(d) ciallaíonn 'gairmithe neamhspleácha' daoine nádúrtha atá ag soláthar seirbhíse agus atá bunaithe mar dhaoine féinfhostaithe i gcríoch Páirtí, ach ní i gcríoch an Pháirtí eile, agus a bhfuil conradh *bona fide* tugtha i gcrích acu, seachas trí ghníomhaireacht le haghaidh seirbhísí chun pearsanra a lonnú agus a sholáthar, le tomhaltóir deiridh chun seirbhísí a sholáthar sa Pháirtí eile lena gceanglaítear ar an duine nádúrtha a bheith i láthair ar bhonn sealadach sa Pháirtí sin ([64]);

(e) ciallaíonn 'suiteálaithe agus pearsanra cothabhála' cuairteoirí gnó gearrthéarmacha a bhfuil saineolas acu atá ríthábhachtach d'oibleagáid chonarthach an díoltóra nó an léasóra, do chur i gcrích seirbhísí nó d'oiliúint oibrithe chun seirbhísí a dhéanamh, de bhun barántais nó conradh seirbhíse eile atá teagmhasach le trealamh nó innealra tráchtála nó tionsclaíoch a dhíol nó a léasú, lena n-áirítear seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara, a ceannaíodh nó a léasaíodh ó fhiontar atá suite lasmuigh de chríoch an Pháirtí ar ina leith a iarrtar teacht isteach agus fanacht sealadach, le linn an barántas nó an conradh seirbhíse a bheith i bhfeidhm;

(f) ciallaíonn 'aistrithe ionchorparáideacha' daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí, nó atá ina bpáirtithe ann, ar feadh tréimhse nach gairide ná bliain, a aistrítear go sealadach chuig fiontar de chuid an duine dhlítheanaigh sin i gcríoch an Pháirtí eile, agus a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí a leanas:

(i) bainisteoirí;

(ii) speisialtóirí;

(iii) fostaithe oiliúna;

([63]) Comhlíonfaidh an conradh chun seirbhísí a sholáthar dá dtagraítear faoin bhfomhír seo ceanglais dhlí an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh.

([64]) Comhlíonfaidh an conradh chun seirbhísí a sholáthar dá dtagraítear faoin bhfomhír seo ceanglais dhlí an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh.

(g) ciallaíonn 'infheisteoir' duine nádúrtha a bhunaíonn fiontar i gcríoch an Pháirtí eile a bhfuil méid substaintiúil caipitil geallta ag an duine nádúrtha sin nó ag an duine dlítheanach a bhfuil an duine nádúrtha sin fostaithe aige ina leith, nó méid substaintiúil caipitil a bhfuiltear i mbun a gheallta ina leith, agus a fhorbraíonn nó a riarann oibriú an fhiontair sin ina cháil mar mhaoirseoir nó mar fheidhmeannach;

(h) ciallaíonn 'bainisteoirí' nó daoine nádúrtha atá ag obair i bpost sinsearach laistigh de dhuine dlítheanach de chuid Páirtí, daoine a stiúrann bainistíocht an fhiontair ([65]) go príomha i gcríoch an Pháirtí eile agus a fhaigheann maoirseacht ghinearálta nó treoir ghinearálta go príomha ó fheidhmeannaigh ardleibhéil, ón mbord stiúrthóirí nó ó stocshealbhóirí an ghnó nó óna gcoibhéis, agus daoine a bhfuil na cúraimí seo a leanas ar na cúraimí atá orthu:

(i) an fiontar nó roinn nó foroinn de a stiúradh;

(ii) maoirseacht agus rialú ar obair fostaithe eile maoirseachta, gairmiúla nó bainistíochta; agus

(iii) daoine a bhfuil d'údarás pearsanta acu daoine a earcú agus a bhriseadh as a bpost, sin nó earcú, briseadh as post nó gníomhaíochtaí eile a bhaineann le pearsanra a mholadh;

(i) ciallaíonn 'cuairteoirí gnó gearrthéarmacha' daoine nádúrtha ar mian leo dul isteach go críoch an Pháirtí eile agus fanacht ann go sealadach, daoine nach mbíonn ag plé le díolacháin dhíreacha leis an bpobal i gcoitinne agus nach bhfaigheann luach saothair ó fhoinse atá suite i gcríoch an Pháirtí eile, daoine a bhaineann le ceann de na catagóirí a leanas:

(i) díoltóirí gnó;

(ii) suiteálaithe agus pearsanra cothabhála;

(j) ciallaíonn 'speisialtóirí' daoine nádúrtha atá ag obair laistigh de dhuine dlítheanach de chuid Páirtí a bhfuil eolas speisialaithe acu atá riachtanach maidir le réimsí gníomhaíochta, teicnící nó bainistíochta an fhiontair; agus measúnú á dhéanamh ar an eolas sin, cuirfear san áireamh ní hamháin eolas a bhaineann go sonrach leis an bhfiontar, ach cibé acu atá nó nach bhfuil ardleibhéal cáilíochta ag an duine freisin, lena n-áirítear taithí ghairmiúil leormhaith, maidir le cineál oibre nó ceirde a éilíonn eolas teicniúil sonrach, lena n-áirítear comhaltacht fhéideartha i ngairm chreidiúnaithe; agus

(k) ciallaíonn 'fostaithe oiliúna' daoine nádúrtha a bhfuil céim ollscoile acu agus a aistrítear go sealadach iad chun críoch forbartha gairme, nó chun oiliúint a fháil i dteicnící nó modhanna gnó ([66]).

Airteagal 19.3

Aistrithe ionchorparáideacha, cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta agus infheisteoirí

1. Faoi réir na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn 19-A, ní mór do gach Páirtí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ceadóidh sé dul isteach agus fanacht sealadach aistrithe ionchorparáideacha, cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta agus infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile;

(b) ceadóidh sé fostú aistrithe ionchorparáideacha an Pháirtí eile ina chríoch;

(c) ní dhéanfaidh Páirtí teorainneacha a choinneáil ná a ghlacadh i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglais maidir le tástálacha riachtanas eacnamaíoch ar an líon iomlán daoine nádúrtha, in earnáil shonrach, a cheadaítear dóibh dul isteach mar chuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta nó mar infheisteoirí, nó a fhéadfar a fhostú mar aistrithe ionchorparáideacha, ar bhonn foroinn chríochach nó ar bhonn a chríche ar fad; agus

([65]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní eisítear leis an sainmhíniú sin bainisteoirí a dhéanann cúraimí, agus iad i mbun a gcuid cúraimí mar a shainmhínítear sa sainmhíniú seo, atá riachtanach chun na seirbhísí a sholáthar, cé nach ndéanann siad cúraimí a bhaineann go díreach le soláthar iarbhír na seirbhísí.

([66]) Féadfar a cheangal ar an bhfiontar is faighteoir clár oiliúna a chur isteach lena gcumhdófar fad an fhanachta le formheas roimh ré, lena léireofar gur le haghaidh oiliúna cuspóir an fhanachta. I gcás AT, CZ, DE, FR, ES, HU agus LT, ní mór an oiliúint a bheith nasctha leis an gcéim ollscoile a fuarthas.

(d) tabharfaidh sé cóir nach lú fabhar d'aistrithe ionchorparáideacha, do chuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta agus d'infheisteoirí an Pháirtí eile, maidir lena bhfanacht sealadach ina chríoch ná mar a thugann sé, in imthosca den chineál céanna, dá dhaoine nádúrtha féin.

2. Is mar seo a leanas a bheidh an tréimhse fanachta incheadaithe:

(a) i gcás na Sile, tréimhse suas le 2 bhliain ar féidir síneadh a chur leis, gan aon cheanglas cur isteach ar chónaí buan, ar choinníoll go mbíonn na coinníollacha ar a bhfuil an fhanacht bunaithe i bhfeidhm; agus

(b) i gcás an Pháirtí AE, tréimhse suas le 3 bliana i gcás bainisteoirí agus speisialtóirí; suas le bliain i gcás fostaithe oiliúna agus infheisteoirí; agus suas le 90 lá laistigh d'aon tréimhse 6 mhí i gcás cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta.

Airteagal 19.4

Cuairteoirí gnó gearrthéarmacha

1. Faoi réir na n-eisiamh i ndáil le raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 17.7(2) agus faoi réir na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn 19-A, ceadóidh Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach cuairteoirí gnó gearrthéarmacha gan gá le cead oibre, tástálacha riachtanas eacnamaíoch ná nósanna imeachta eile den chineál céanna um fhormheas roimh ré.

2. Má bhíonn cuairteoirí gnó gearrthéarmacha de chuid Páirtí ag gabháil do sheirbhís a sholáthar do thomhaltóir i gcríoch an Pháirtí ina bhfuil siad ag fanacht go sealadach, déanfaidh an Páirtí sin cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé, i gcásanna mar an gcéanna, dá sholáthróirí seirbhíse féin a thabhairt dóibh maidir le soláthar na seirbhíse sin.

3. Is ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 12 mhí a bheidh an tréimhse fanachta incheadaithe.

Airteagal 19.5

Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha

1. Ceadóidh gach Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach soláthróirí seirbhísí conarthacha de chuid an Pháirtí eile ina chríoch, sna hearnálacha, sna fo-earnálacha agus sna gníomhaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn 19-B, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí ábhartha a shainmhínítear ann, agus ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní mór do na daoine nádúrtha a bheith ag gabháil do sheirbhís a sholáthar mar fhostaithe de chuid duine dhlítheanaigh a bhfuil conradh seirbhíse nach faide ná 12 mhí faighte aige;

(b) na daoine nádúrtha a théann isteach sa Pháirtí eile, bhí siad fostaithe ag an duine dlítheanach dá dtagraítear i bhfomhír (a) ar feadh bliain amháin go díreach roimh dháta tíolactha iarratais ar dhul isteach sa Pháirtí eile agus a bhfuil taithí ghairmiúil 3 bliana acu ar a laghad ar dháta an iarratais ar dhul isteach, taithí a fuarthas tar éis lán-aois a bhaint amach, in earnáil na gníomhaíochta atá faoi réir an chonartha;

(c) na daoine nádúrtha a thiocfaidh isteach sa Pháirtí eile, beidh an méid seo a leanas acu:

(i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach ([67]); agus

(ii) cáilíochtaí gairmiúla, má tá gá leo chun gníomhaíocht a fheidhmiú de bhun dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís;

(d) ní fhaigheann an duine nádúrtha luach saothair ar seirbhísí a sholáthar i gcríoch an Pháirtí eile, seachas luach saothair a íocann an duine dlítheanach ag a bhfuil an duine nádúrtha fostaithe; agus

(e) ní bhaineann rochtain a thugtar de bhun an Airteagail seo ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugann an rochtain sin teidlíocht chun teideal gairmiúil an Pháirtí a úsáid nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

([67]) I gcás nach sa Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Páirtí sin a mheas an bhfuil sí coibhéiseach leis an gcéim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

2. Ceadóidh gach Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach gairmithe neamhspleácha de chuid an Pháirtí eile ina chríoch, sna hearnálacha, sna fo-earnálacha agus sna gníomhaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn 19-B, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí ábhartha a shainmhínítear ann, agus ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní rachaidh an conradh a thugtar i gcrích níos faide ná tréimhse 12 mhí;

(b) ní mór taithí ghairmiúil sé bliana ar a laghad a bheith ag na daoine nádúrtha, ar dháta an iarratais ar dhul isteach agus ar fhanacht sealadach, in earnáil na gníomhaíochta is ábhar don chonradh.

(c) tá an méid seo a leanas ag na daoine nádúrtha a thagann isteach i gcríoch an Pháirtí eile:

(i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach ([68]); agus

(ii) cáilíochtaí gairmiúla, má tá gá leo chun gníomhaíocht a fheidhmiú de bhun dhlíthe nó rialacháin an Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís;

(d) ní bhaineann rochtain a thugtar de bhun an Airteagail seo ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh; ní thugann an rochtain sin teidlíocht chun teideal gairmiúil an Pháirtí a úsáid nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí teorainneacha a ghlacadh ná a choimeád ar bun ar líon iomlán na soláthróirí seirbhísí conarthacha nó na ngairmithe neamhspleácha de chuid an Pháirtí eile a gceadaítear dul isteach agus fanacht sealadach dóibh, i bhfoirm cuótaí uimhriúla ná ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch.

4. Déanfaidh Páirtí cóir a thabhairt do sholáthróirí seirbhísí conarthacha agus do ghairmithe neamhspleácha de chuid an Pháirtí eile, maidir le soláthar a seirbhísí ina chríoch, cóir nach lú fabhar ná an chóir a dhéanann sé, i gcásanna den chineál céanna, dá sholáthróirí seirbhíse féin.

5. Is mar seo a leanas a bheidh an tréimhse fanachta incheadaithe:

(a) i gcás an Pháirtí AE, tréimhse charntha nach faide ná 6 mhí in aon tréimhse 12 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is lú; agus

(b) i gcás na Sile, tréimhse suas le bliain ar féidir síneadh a chur leis le haghaidh tréimhsí ina dhiaidh sin, ar choinníoll go mbíonn na coinníollacha ar a bhfuil an fhanacht bunaithe i bhfeidhm i gcónaí.

Airteagal 19.6

Bearta neamh-chomhréireacha

A mhéid a dhéanann an beart ábhartha difear do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó, níl feidhm ag fomhíreanna (c) agus (d) d'Airteagal 19.3(1) agus Airteagal 19.5(3) agus (4) maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana de chuid Páirtí ar an leibhéal seo a leanas:

(i) i gcás an Pháirtí AE:

(A) an tAontas Eorpach, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1;

(B) rialtas láir Ballstáit, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1;

(C) rialtas réigiúnach Ballstáit, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-1; nó

(D) leibhéal rialtais áitiúil, seachas an beart dá dtagraítear i bhfomhír (C); agus

(ii) i gcás na Sile:

(A) an rialtas láir, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-2;

([68]) I gcás nach sa Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Páirtí sin a mheas an bhfuil sí coibhéiseach leis an gcéim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

(B) rialtas réigiúnach, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 17-A-2; nó

(C) rialtas áitiúil;

(b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach nó athnuachan pras birt neamh-chomhréirigh dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo;

(c) modhnú ar aon bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) agus (b) den Airteagal seo a mhéid nach laghdóidh sé comhréireacht an bhirt, faoi mar a bhí sé díreach roimh an modhnú, le fomhíreanna (c) agus (d) d'Airteagal 19.3(1) agus Airteagal 19.5(3) agus (4); nó

(d) maidir le haon bheart de chuid Páirtí atá comhsheasmhach le coinníoll nó cáilíocht a shonraítear in Iarscríbhinn 17-B.

Airteagal 19.7

Trédhearcacht

1. Cuirfidh gach Páirtí faisnéis ar fáil go poiblí maidir le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile dá dtagraítear in Airteagal 19.1(1).

2. Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis seo a leanas, más infheidhme:

(a) catagóirí víosa, ceadanna nó aon chineál údaraithe den chineál céanna a bhaineann le hiontráil agus fanacht sealadach;

(b) an doiciméadacht is gá agus na coinníollacha atá le comhlíonadh;

(c) an modh chun iarratas a chur isteach agus roghanna i dtaobh cá háit a gcuirfear é, amhail oifigí consalachta nó ar líne;

(d) táillí iarratais agus clár ama táscach le haghaidh iarratas a phróiseáil;

(e) an tréimhse uasta fanachta faoi gach cineál údaraithe dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo;

(f) coinníollacha maidir le haon fhadú nó athnuachan atá ar fáil;

(g) rialacha maidir le cleithiúnaithe tionlacain;

(h) nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú nó achomharc a bheidh ar fáil; agus

(i) dlíthe iomchuí a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a bhaineann le dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha.

3. Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féachfaidh Páirtí leis an bPáirtí eile a chur ar an eolas go pras faoi aon cheanglas nó nós imeachta nua a thabharfar isteach nó faoi aon athrú ar cheanglais agus nósanna imeachta a dhéanann difear don iarratas éifeachtach ar dhul isteach, ar fhanacht sealadach sa Pháirtí agus, i gcás inarb infheidhme, ar chead dul i mbun oibre sa Pháirtí sin.

Airteagal 19.8

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir le diúltú do dheonú an cheada isteach agus an fhanachta shealadaigh mura mbaineann an t-ábhar le pátrún cleachtais.

CAIBIDIL 20

RIALÁIL INTÍRE

Airteagal 20.1

Raon feidhme agus sainmhínithe

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta ag na Páirtithe a bhaineann le ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta ceadúnúcháin, le ceanglais cháilíochta agus nósanna imeachta cáilíochta, agus le caighdeáin theicniúla ([69]) a mbíonn tionchar acu ar na nithe seo a leanas:

(a) soláthar trasteorann seirbhísí;

(b) soláthar seirbhíse nó saothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile trí fhiontar nó oibriú infheistíochta faoi chumhdach a bhunú; nó

(c) soláthar seirbhíse trí fhanacht catagóirí áirithe de dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí i gcríoch an Pháirtí eile, mar a leagtar amach in Airteagal 19.1.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo ach maidir le hearnálacha a bhfuil gealltanais shonracha tugtha ag Páirtí ina leith faoi Chaibidlí 17, 18 agus 19 agus a mhéid atá feidhm ag na gealltanais shonracha sin.

3. D'ainneoin mhír 2, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta ceadúnúcháin, ceanglais cháilíochta agus nósanna imeachta cáilíochta, agus caighdeáin theicniúla a bhaineann le:

(a) monarú ceimiceán bunúsach agus táirgí ceimiceacha eile;

(b) monarú táirgí rubair;

(c) monarú táirgí plaisteacha;

(d) monarú mótar leictreach, gineadóirí leictreacha agus claochladán leictreach;

(e) monarú cnuasaitheoirí, ceall príomhúil agus ceallraí príomhúla; agus

(f) athchúrsáil dramhaíola miotail agus neamh-mhiotail.

4. D'ainneoin mhír 1, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a mhéid gur srianta iad faoi réir sceidealaithe de bhun Airteagail 17.5, 17.6, Airteagal 17.11(1), 17.11(2), Airteagail 18.4, 18.6, 18.7, Airteagail 18.8(1), 18.8(2), 19.3(1), 19.4(2), 19.5(1) agus Airteagal 19.6.

5. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'údarú' cead chun aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) (b) agus (c) de mhír 1 a thagann as nós imeachta a chur i gcrích, nach mór d'iarratasóir cloí leis d'fhonn a thaispeáint go gcomhlíontar ceanglais cheadúnúcháin, ceanglais cháilíochta nó caighdeáin theicniúla;

(b) ciallaíonn 'údarás inniúil' rialtas nó údarás láir, réigiúnach nó áitiúil nó comhlacht neamhrialtasach i bhfeidhmiú na gcumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis láir, réigiúnacha nó áitiúla agus atá cumhachtaithe cinneadh a dhéanamh maidir leis an údarú seirbhís a sholáthar, lena n-áirítear trí fhiontar a bhunú, nó maidir leis an údarú aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a shaothrú;

(c) ciallaíonn 'nósanna imeachta ceadúnúcháin' rialacha riaracháin nó nós imeachta nach mór do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá ag lorg údaraithe, lena n-áirítear leasú nó athnuachan údaraithe, cloí leo chun a thaispeáint go gcomhlíontar ceanglais cheadúnúcháin;

(d) ciallaíonn 'ceanglais cheadúnúcháin' ceanglais shubstainteacha, seachas ceanglais cháilíochta, nach mór do dhuine nádúrtha nó dlítheanach cloí leo chun údarú a fháil, a leasú nó a athnuachan;

([69]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, a mhéid a bhaineann le bearta i ndáil le caighdeáin theicniúla, níl feidhm ag an gCaibidil seo ach amháin maidir leis na bearta sin a dhéanann difear do thrádáil seirbhísí.

(e) ciallaíonn 'nósanna imeachta cáilíochta' rialacha riaracháin nó nós imeachta nach mór do dhuine nádúrtha cloí leo chun a thaispeáint go gcomhlíontar ceanglais cháilíochta, chun údarú a fháil; agus

(f) ciallaíonn 'ceanglais cháilíochta' ceanglais shubstainteacha a bhaineann le hinniúlacht duine nádúrtha seirbhís a sholáthar, agus nach mór do dhuine nádúrtha cloí leo chun údarú a fháil, a leasú nó a athnuachan.

6. Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagail 17.2 agus 18.2 freisin.

Airteagal 20.2

Coinníollacha maidir le ceadúnú agus cáilíocht

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le bearta a bhaineann leis na ceanglais cheadúnúcháin, na nósanna imeachta ceadúnúcháin, agus na ceanglais cháilíochta agus na nósanna imeachta cáilíochta, go mbeidh siad bunaithe ar chritéir a choisceann ar na húdaráis inniúla a gcumhacht mheasúnaithe a fheidhmiú ar bhealach treallach ([70]).

2. Is mar a leanas a bheidh na critéir dá dtagraítear i mír 1:

(a) glan;

(b) oibiachtúil agus trédhearcach; agus

(c) inrochtana ag an bpobal agus ag daoine leasmhara roimh ré.

3. Agus caighdeáin theicniúla á nglacadh aige, molfaidh gach Páirtí dá údaráis inniúla caighdeáin theicniúla a ghlacadh arna bhforbairt trí phróisis oscailte thrédhearcacha, agus molfaidh sé do chomhlachtaí atá ainmnithe chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha ([71]), é sin a dhéanamh trí phróisis oscailte thrédhearcacha.

4. Deonófar údarú, ach é a bheith ar fáil, a luaithe a shuífear, i bhfianaise scrúdú iomchuí, gur comhlíonadh na coinníollacha chun údarú a fháil.

5. I gcás ina bhfuil teorainn le líon na gceadúnas atá ar fáil i leith gníomhaíocht áirithe mar gheall ar ghanntanas na n-acmhainní nádúrtha nó na hinniúlachta teicniúla atá ar fáil, cuirfidh gach Páirtí nós imeachta roghnúcháin i bhfeidhm maidir le hiarrthóirí ionchasacha lena soláthrófar ráthaíochtaí iomlána i dtaobh neamhchlaontachta agus trédhearcachta, lena n-áirítear, go háirithe, poiblíocht leordhóthanach faoi sheoladh, déanamh agus tabhairt i gcrích an nós imeachta.

6. Faoi réir mhír 5, agus na rialacha maidir leis an nós imeachta roghnúcháin á mbunú, féadfaidh gach Páirtí cuspóirí beartais dlisteanacha a chur san áireamh, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le sláinte, sábháilteacht, cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha.

Airteagal 20.3

Nósanna imeachta ceadúnúcháin agus cáilíochta

1. Na nósanna imeachta agus foirmiúlachtaí ceadúnúcháin agus cáilíochta, beidh siad soiléir, cuirfear ar fáil go poiblí iad roimh ré, agus ní hionann iad, astu féin, agus srian ar sholáthar seirbhíse nó ar shaothrú aon gníomhaíocht eacnamaíche eile. Féachfaidh gach Páirtí leis na nósanna imeachta agus na foirmiúlachtaí sin a dhéanamh chomh simplí agus is féidir agus ní chuirfidh sé castacht ná moill mhíchuí ar sholáthar na seirbhíse ná ar shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile.

2. Má cheanglaítear údarú, déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le húdarú den sórt sin a fháil, a choinneáil ar bun, a leasú agus a athnuachan a fhoilsiú go pras nó a chur ar fáil go poiblí ar shlí eile. Áireofar san fhaisnéis sin an méid seo a leanas ar a laghad, a mhéid is ann dó:

([70]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar a áireamh ar na critéir sin, *inter alia*, inniúlacht agus an cumas seirbhís a sholáthar nó aon ghníomhaíocht eacnamaíoch eile a shaothrú, lena n-áirítear déanamh amhlaidh i mbealach atá comhsheasmhach le ceanglais rialála Páirtí, amhail ceanglais sláinte agus comhshaoil. Féadfaidh na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tábhacht atá le tabhairt do gach critéar.

([71]) Tagraíonn an téarma 'eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha' do chomhlachtaí idirnáisiúnta a mballraíocht ar oscailt do chomhlachtaí ábhartha an dá Pháirtí.

(a) na ceanglais agus na nósanna imeachta;

(b) sonraí teagmhála na n-údarás inniúil ábhartha;

(c) táillí;

(d) caighdeáin theicniúla;

(e) nósanna imeachta maidir le hachomharc nó athbhreithniú ar bhreitheanna a bhaineann le hiarratais;

(f) nósanna imeachta um fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas agus na gcáilíochtaí;

(g) deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, amhail trí éisteachtaí nó tuairimí a thabhairt; agus

(h) cláir ama tháscacha le haghaidh iarratas a phróiseáil.

3. Aon táille údaraithe ([72]) a fhéadfaidh na hiarratasóirí a thabhú, beidh sí réasúnach, trédhearcach, agus ní chuirfidh sí srian inti féin ar sholáthar na seirbhíse ábhartha ná ar shaothrú na gníomhaíochta eacnamaíche ábhartha.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta a úsáidfidh an t-údarás inniúil agus a chinntí sa phróiseas údaraithe neamhchlaonta i leith na n-iarratasóirí uile. Tiocfaidh an t-údarás inniúil ar a chinneadh ar bhealach neamhspleách agus ní bheidh sé cuntasach d'aon duine a sholáthraíonn na seirbhísí nó a dhéanann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil an t-údarú ag teastáil ina leith.

5. Má tá feidhm ag teorainneacha ama sonracha le haghaidh iarratas, ceadófar tréimhse réasúnta d'iarratasóir chun iarratas a chur isteach. Más féidir, ba cheart don údarás inniúil glacadh le hiarratais i bhformáid leictreonach faoi na coinníollacha barántúlachta céanna le hiarratais a chuirtear isteach ar pháipéar.

6. Cuirfidh an t-údarás inniúil tús le próiseáil iarratais gan moill mhíchuí tar éis an t-iarratas a chur isteach. Féachfaidh gach Páirtí leis an amchlár táscach a bhunú chun iarratas a phróiseáil agus, arna iarraidh sin don iarratasóir agus gan moill mhíchuí, áiritheoidh sé go soláthróidh an t-údarás inniúil faisnéis maidir le stádas an iarratais. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar i gcrích próiseáil iarratais, lena n-áirítear teacht ar chinneadh críochnaitheach, laistigh de thréimhse ama réasúnach ón dáta a gcuirfear isteach iarratas iomlán.

7. Laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis don údarás inniúil iarratas a fháil a mheasann sé a bheith neamhiomlán, cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas, sainaithneoidh sé, a mhéid is féidir, an fhaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú, agus tabharfaidh sé deis don iarratasóir easnaimh san iarratas a cheartú.

8. Glacfaidh an t-údarás inniúil le cóipeanna de dhoiciméid, atá fíordheimhnithe de réir dhlí an Pháirtí, in ionad doiciméad bunaidh, mura rud é go gceanglaíonn an t-údarás inniúil doiciméid bhunaidh chun sláine an phróisis údaraithe a chosaint.

9. Má dhiúltaíonn an t-údarás inniúil d'iarratas, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas, arna iarraidh sin dó féin nó ar thionscnamh an údaráis inniúil, i scríbhinn agus gan moill mhíchuí. I bprionsabal, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis na cúiseanna atá leis an gcinneadh diúltú don iarratas agus faoin tréimhse ama chun achomharc a chur isteach i gcoinne an chinnidh sin. Ceadófar d'iarratasóir, laistigh de thréimhse réasúnach ama, iarratas a chur isteach arís.

10. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh éifeacht le húdarú, a luaithe a dheonófar é, gan moill mhíchuí agus i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a shonraítear ann.

11. I gcás ina n-éilítear scrúduithe le haghaidh údarú, áiritheoidh an t-údarás inniúil go ndéanfar na scrúduithe sin ag eatraimh réasúnta minic agus soláthróidh sé tréimhse réasúnta ama chun a chumasú d'iarratasóirí a iarraidh go ndéanfar an scrúdú.

([72]) Ní áirítear sna táillí údaraithe táillí i gcomhair úsáid acmhainní nádúrtha, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná ranníocaíochtaí sainordaithe chun seirbhís uilíoch a sholáthar.

Airteagal 20.4

Athbhreithniú

Má thagann torthaí na caibidlíochta a bhaineann le mír 4 d'Airteagal VI de GATS i bhfeidhm, déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú comhpháirteach ar na torthaí sin. I gcás ina meastar san athbhreithniú comhpháirteach go bhfeabhsófaí na disciplíní sa chuid seo den Chomhaontú seo dá ndéanfaí torthaí den sórt sin a ionchorprú sa Chomhaontú seo, cinnfidh na Páirtithe go comhpháirteach ar cheart na torthaí sin a ionchorprú sa chuid seo den Chomhaontú seo.

Airteagal 20.5

Bearta a riar a bhfuil feidhm ghinearálta leo

Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás na mbeart go léir a bhfuil feidhm ghinearálta acu lena ndéantar difear do thrádáil i seirbhísí, go ndéanfar iad a riar ar bhealach réasúnach, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

Airteagal 20.6

Achomharc ar chinntí riaracháin

Coinneoidh gach Páirtí ar bun, nó tionscnóidh sé, binsí nó nósanna imeachta athbhreithniúcháin, eadrána nó riaracháin a dhéanann foráil, arna iarraidh d'infheisteoir nó do sholáthróir seirbhíse dá ndéantar difear, chun athbhreithniú pras a dhéanamh ar chinntí riaracháin agus, i gcás ina bhfuil bonn cuí leo, leigheasanna iomchuí, a dhéanann difear do bhunú, soláthar trasteorann seirbhísí, nó láithreacht shealadach daoine nádúrtha chun críoch gnó. Mura mbíonn na nósanna imeachta sin neamhspleách ar an údarás inniúil a bhfuil de chúram air an cinneadh riaracháin lena mbaineann a dhéanamh, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar foráil, leis na nósanna imeachta sin, maidir le hathbhreithniú oibiachtúil neamhchlaonta.

CAIBIDIL 21

AITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH DO CHÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

Airteagal 21.1

Aitheantas frithpháirteach ar cháilíochtaí gairmiúla

1. Ní chuirfidh aon ní sa Chaibidil seo cosc ar Pháirtí a cheangal go mbeidh ag daoine nádúrtha na cáilíochtaí agus an taithí ghairmiúil is gá atá riachtanach sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht, don earnáil gníomhaíochta lena mbaineann.

2. Molfaidh gach Páirtí na comhlachtaí gairmiúla nó na húdaráis ghairmiúla is ábhartha don earnáil nó don ghníomhaíocht lena mbaineann, ina chríoch, moltaí comhpháirteacha a fhorbairt agus a sholáthar maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla don Fhochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht dá dtagraítear in Airteagal 18.10. Beidh measúnú fianaise-bhunaithe ar na nithe seo a leanas mar thaca leis na moltaí comhpháirteacha sin:

(a) luach eacnamaíoch socraithe atá beartaithe maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint go frithpháirteach ('socrú aitheantais fhrithpháirtigh'); agus

(b) comhoiriúnacht na réimeas faoi seach, is é sin, a mhéid atá na ceanglais arna gcur i bhfeidhm ag gach Páirtí don údarú, don cheadúnú, don oibríocht agus don deimhniú ag teacht lena chéile.

3. Ar mholadh comhpháirteach a fháil, déanfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht a chomhsheasmhacht leis an gcuid seo den Chomhaontú seo a athbhreithniú laistigh de thréimhse réasúnta ama. Féadfaidh an Fochoiste sin, tar éis an athbhreithnithe sin, cinneadh maidir le socrú um aitheantas frithpháirteach a ghlacadh, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1), agus a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach é sin a dhéanamh, d'fhonn socruithe um aitheantas frithpháirteach a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-B ([73]) a chinneadh nó a leasú.

([73]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanfar cáilíochtaí gairmiúla a aithint go huathoibríoch mar thoradh ar na comhaontuithe aitheantais chomhpháirtigh ach, ar mhaithe le leas frithpháirteach na bPáirtithe, leagfar síos na coinníollacha le haghaidh na n-údarás inniúil a dheonaíonn aitheantas do na cáilíochtaí sin.

4. Le socrú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfar foráil maidir leis na coinníollacha chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a baineadh amach sa Pháirtí AE agus do cháilíochtaí gairmiúla a fuarthas sa tSile a bhaineann le gníomhaíocht a chumhdaítear le Caibidil 17, 18, 19 nó 26.

5. Cuirfear na treoirlínte maidir le socruithe i ndáil le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a leagtar amach in Iarscríbhinn 21-A san áireamh agus na moltaí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo á bhforbairt agus déanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach iad a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aici ar cheart an socrú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a ghlacadh.

CAIBIDIL 22

SEIRBHÍSÍ SEACHADTA

Airteagal 22.1

Raon feidhme agus sainmhínithe

1. Leagtar amach sa Chaibidil seo prionsabail an chreata rialála a bhaineann le seirbhísí seachadta.

2. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'seirbhísí seachadta' seirbhísí poist agus seirbhísí cúiréireachta nó seirbhísí mearphoist, lena n-áirítear na gníomhaíochta a bhaineann le hítimí poist a bhailiú, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí mearsheachadta' ítimí poist a bhailiú, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh ar luas brostaithe agus ar iontaofacht, agus féadfaidh eilimintí breisluacha a bheith ar áireamh iontu amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú, an fhéidearthacht an ceann scríbe agus an seolaí a athrú agus na hítimí faoi bhealach, nó deimhniú go bhfuarthas iad;

(c) ciallaíonn 'seirbhísí mearphoist' seirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta arna soláthar trí Chomharchumann na Seirbhíse Luasphoist Náisiúnta, ar comhlachas deonach é d'oibreoirí poist ainmnithe faoin Aontas Poist Uilechoiteann;

(d) ciallaíonn 'ceadúnas' údarú a dheonaíonn údarás rialála inniúil do sholáthróir aonair seirbhísí seachadta lena leagtar amach nósanna imeachta, oibleagáidí agus ceanglais a bhaineann go sonrach leis an earnáil seirbhísí seachadta;

(e) ciallaíonn 'ítim poist' ítim suas le 31,5 kg, ar a bhfuil seoladh agus é san fhoirm dheiridh ina bhfuil sé le hiompar ag aon chineál soláthróra seirbhísí seachadta, poiblí nó príobháideach, agus féadfaidh ítimí amhail litreacha, beartáin, nuachtáin nó catalóga a bheith san áireamh ann;

(f) ciallaíonn 'monaplacht phoist' an ceart eisiach chun seirbhísí seachadta sonraithe a sholáthar i gcríoch Pháirtí, de bhun dhlíthe an Pháirtí sin; agus

(g) ciallaíonn 'seirbhís uilíoch' buansoláthar seirbhíse seachadta de cháilíocht shonraithe ag gach pointe i gcríoch Páirtí ar phraghsanna inacmhainne do gach úsáideoir.

Airteagal 22.2

Seirbhís uilíoch

1. Tá sé de cheart ag gach Páirtí sainiú a dhéanamh ar na cineálacha oibleagáide seirbhíse uilíche a theastaíonn uaidh a choinneáil ar bun. Gach Páirtí a choinníonn oibleagáid seirbhíse uilíche ar bun, déanfaidh sé é a riar ar bhealach trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neodrach i leith gach soláthróir seirbhísí seachadta a bheidh faoi réir na hoibleagáide.

2. Má éilíonn Páirtí go soláthrófar seirbhísí mearphoist isteach ar bhonn seirbhíse uilíche, ní thabharfaidh sé cóir fhabhrach do na seirbhísí sin thar sheirbhísí mearsheachadta idirnáisiúnta eile.

Airteagal 22.3

Cleachtais saofa margaidh a chosc

Áiritheoidh gach páirtí nach rachaidh soláthróir seirbhísí seachadta atá faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó monaplachta poist i mbun cleachtais a shaobhann an margadh amhail:

(a) ioncam, a fhaightear ó sholáthar seirbhíse faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó monaplachta poist, a úsáid chun soláthar seirbhíse mearsheachadta nó aon seirbhís seachadta neamhuilíche a thras-fhóirdheonú; nó

(b) idirdhealú gan údar a dhéanamh idir custaiméirí amhail gnólachtaí nó postairí nó consailí mórthoirte i leith taraifí nó téarmaí agus coinníollacha eile chun seirbhís a sholáthar atá faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó monaplachta poist.

Airteagal 22.4

Ceadúnais

1. Má éilíonn Páirtí ceadúnas chun seirbhísí seachadta a sholáthar, déanfaidh sé an méid a leanas a chur ar fáil go poiblí:

(a) na ceanglais cheadúnúcháin uile agus an tréimhse ama is gá de ghnáth chun teacht ar chinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas; agus

(b) téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais.

2. Beidh na nósanna imeachta, oibleagáidí agus ceanglais ceadúnais trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

3. Má dhiúltaíonn an t-údarás inniúil rialála d'iarratas ar cheadúnas, cuirfidh sé na cúiseanna leis an diúltú in iúl i scríbhinn don iarratasóir. Déanfaidh gach Páirtí nós imeachta achomhairc a bhunú nó a choinneáil ar bun trí chomhlacht atá neamhspleách ar na páirtithe a bhfuil baint aige leis an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar cheadúnas. Féadfaidh an comhlacht sin a bheith ina bhinse nó ina chúirt.

Airteagal 22.5

Neamhspleáchas na n-údarás rialála

1. Áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh aon údarás atá freagrach as seirbhísí seachadta a rialáil cuntasach d'aon soláthróir seirbhísí seachadta, agus go mbeidh na cinntí agus na nósanna imeachta a ghlacfaidh an t-údarás rialála neamhchlaonta, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach i leith na rannpháirtithe uile sa mhargadh ina chríoch.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh an t-údarás atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí seachadta a chúraimí go tráthúil agus go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna aige.

CAIBIDIL 23

SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

Airteagal 23.1

Raon feidhme

1. Leagtar amach sa Chaibidil seo prionsabail an chreata rialála chun líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar, arna léirscaoileadh de bhun Chaibidil 17 agus Chaibidil 18.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le seirbhísí a sholáthraíonn inneachar a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide nó seirbhísí a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an inneachar sin.

Airteagal 23.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'saoráidí gaolmhara' seirbhísí, bonneagair fhisiceacha agus saoráidí eile atá gaolmhar le líonra nó seirbhís teileachumarsáide a chumasaíonn nó a thacaíonn le soláthar seirbhísí tríd an líonra nó an tseirbhís sin, nó a bhfuil an poitéinseal aige é sin a dhéanamh, agus féadfar foirgnimh nó bealaí isteach foirgneamh, sreangú foirgnimh, aeróga, túir agus déantúis tacaíochta eile, duchtanna, seolphíobáin, crainn, dúnphoill, agus caibinéid a áireamh leo;

(b) ciallaíonn 'saoráidí fíor-riachtanacha' saoráidí de chuid líonra nó seirbhís teileachumarsáide poiblí:

(i) nach bhfuil á soláthar, ina n-iomláine nó den chuid is mó, ach ag soláthróir amháin nó ag líon teoranta soláthróirí; agus

(ii) nach féidir saoráidí eile a chur ina n-ionad ar bhonn eacnamaíoch nó ar bhonn teicniúil chun seirbhís a sholáthar;

(c) ciallaíonn 'idirnascadh' nascadh líonraí teileachumarsáide poiblí a úsáideann na soláthróirí céanna líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide nó soláthróirí éagsúla líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide chun gur féidir le húsáideoirí soláthróir amháin cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí an tsoláthróra chéanna nó soláthróir eile nó rochtain a fháil ar sheirbhísí a sholáthraíonn soláthróir eile, is cuma cé acu ag na soláthróirí lena mbaineann nó ag aon soláthróir eile a bhfuil rochtain acu ar an líonra a chuireann na seirbhísí sin ar fáil;

(d) ciallaíonn 'seirbhísí rochtana ar an idirlíon' seirbhísí teileachumarsáide poiblí lena soláthraítear rochtain ar an idirlíon i gcrích Páirtí agus a sholáthraíonn ar an gcaoi sin nascacht le beagnach gach pointe deiridh ar an idirlíon, gan beann ar an teicneolaíocht líonra agus ar an trealamh teirminéil a úsáidtear;

(e) ciallaíonn 'ciorcaid léasa' seirbhísí nó saoráidí teileachumarsáide idir dhá phointe ainmnithe nó níos mó, lena n-áirítear seirbhísí de chineál fíorúil, lena gcuirtear cumas i leataobh le haghaidh úsáid thiomnaithe úsáideora, nó infhaighteacht úsáideora;

(f) ciallaíonn 'mórsholáthróir' soláthróir líonraí teileachumarsáide nó seirbhísí teileachumarsáide a bhfuil sé ar a chumas difear ábhartha a dhéanamh do théarmaí rannpháirtíochta, ag féachaint do phraghas agus do sholáthar, i margadh ábhartha do líonraí teileachumarsáide nó do sheirbhísí teileachumarsáide de thoradh rialú a bheith aige ar shaoráidí fíor-riachtanacha nó ar a staid sa mhargadh sin a úsáid;

(g) ciallaíonn 'eilimintí líonra' saoráidí nó trealamh a úsáidtear chun seirbhís teileachumarsáide poiblí a sholáthar, lena n-áirítear gnéithe, feidhmeanna agus cumais arna soláthar trí bhíthin na saoráidí nó an trealaimh sin;

(h) ciallaíonn 'inaistritheacht uimhreach':

(i) i gcás an Pháirtí AE, cumas síntiúsóra, a iarrann amhlaidh, an uimhir teileafóin atá ann cheana a choimeád, ar an suíomh céanna i gcás síntiúsóirí líne fosaithe, agus iad ag aistriú idir an chatagóir chéanna soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí, gan lagú ar cháilíocht, ar iontaofacht ná ar áisiúlacht; agus

(ii) i gcás na Sile, cumas úsáideora deiridh, a iarrann amhlaidh, an uimhir teileafóin atá ann cheana a choimeád agus iad ag aistriú idir soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí, gan lagú ar cháilíocht, ar iontaofacht ná ar áisiúlacht;

(i) ciallaíonn 'líonra teileachumarsáide poiblí' aon líonraí teileachumarsáide a úsáidtear go hiomlán nó go formhór le haghaidh soláthar seirbhísí teileachumarsáide poiblí idir críochphointí líonra;

(j) ciallaíonn 'seirbhís teileachumarsáide poiblí' aon seirbhís teileachumarsáide a thairgtear don phobal i gcoitinne;

(k) ciallaíonn 'síntiúsóir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar páirtí é i gconradh le soláthróir seirbhísí teileachumarsáide poiblí i dtaca leis na seirbhísí sin;

(l) ciallaíonn 'teileachumarsáid' comharthaí a tharchur agus a ghlacadh ar aon mhodh leictreamaighnéadach;

(m) ciallaíonn 'líonra teileachumarsáide' córais tarchuir, agus i gcás inarb infheidhme, trealamh lasctha nó ródúcháin agus acmhainní eile, lena n-áirítear eilimintí neamhghníomhacha líonra, a cheadaíonn iompar comharthaí ar shreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile;

(n) ciallaíonn 'údarás rialála teileachumarsáide' an comhlacht nó na comhlachtaí a gcuireann Páirtí de chúram air nó orthu rialú a dhéanamh ar líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide eile a chumhdaítear faoin gCaibidil seo ([74]);

(o) ciallaíonn 'seirbhís teileachumarsáide' seirbhís a bhaineann go hiomlán nó go príomha le hiompar agus glacadh comharthaí, lena n-áirítear comharthaí craolacháin, trí líonraí teileachumarsáide, lena n-áirítear trí líonraí a úsáidtear le haghaidh craolacháin;

(p) ciallaíonn 'seirbhís uilíoch' an tacar íosta de cháilíocht a shonraítear nach mór a chur ar fáil do gach úsáideoir i gcríoch Páirtí gan beann ar a suíomh geografach, agus ar phraghas inacmhainne; agus

(q) ciallaíonn 'úsáideoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a úsáideann líonra nó seirbhís teileachumarsáide poiblí.

Airteagal 23.3

Údarás rialála teileachumarsáide

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a údarás rialála teileachumarsáide leithleach go dlíthiúil agus neamhspleách ó thaobh feidhme de ar aon soláthróir líonraí, seirbhísí nó trealaimh teileachumarsáide, agus go mbeidh na cinntí a ghlacfaidh a údarás rialála teileachumarsáide, agus na nósanna imeachta a úsáideann sé, neamhchlaonta i leith gach rannpháirtí sa mhargadh.

2. Páirtí a choinníonn úinéireacht nó ceannas ar sholáthróirí a sholáthraíonn líonraí, seirbhísí nó trealamh teileachumarsáide, áiritheoidh sé go mbeidh deighilt struchtúrach idir an fheidhm rialála agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an úinéireacht nó leis an rialú sin.

3. D'fhonn neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na n-údarás rialála teileachumarsáide a áirithiú, áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh leas airgeadais ag a údarás rialála teileachumarsáide ná nach gcoinneoidh sé ról oibríochta nó bainistíochta in aon soláthróir líonraí, seirbhísí nó trealaimh teileachumarsáide.

4. Áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh tionchar ag soláthróirí líonraí, seirbhísí nó trealaimh teileachumarsáide ar chinntí agus nósanna imeachta an údaráis rialála teileachumarsáide.

5. Tabharfaidh gach Páirtí an chumhacht rialála agus maoirseachta dá údarás rialála teileachumarsáide, chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna, chun na cúraimí a shanntar dó a chur i gcrích chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo a fhorfheidhmiú. Déanfar an chumhacht sin a fheidhmiú go trédhearcach agus go tráthúil. Cuirfear na cúraimí sin ar fáil don phobal i bhfoirm shorochtana agus shoiléir, go háirithe nuair a shannfar na cúraimí sin do níos mó ná comhlacht amháin.

6. Tabharfaidh gach Páirtí an chumhacht dá údarás rialála teileachumarsáide chun a áirithiú go ndéanfaidh soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide an fhaisnéis uile, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, is gá chun a chumasú don údarás rialála teileachumarsáide a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir leis an gCaibidil seo, a chur ar fáil dó go pras arna iarraidh sin dó. Aon fhaisnéis a sholáthraítear, déileálfar léi i gcomhréir le ceanglais na rúndachta.

7. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé de cheart ag úsáideoir nó soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a ndéanann cinneadh arna eisiúint ag a údarás rialála teileachumarsáide difear dó achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin chuig comhlacht achomhairc atá neamhspleách ar an údarás rialála teileachumarsáide agus ar pháirtithe eile a ndéanann an cinneadh difear dóibh. Go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc, seasfaidh an cinneadh a eiseoidh an t-údarás rialála teileachumarsáide, mura ndeonófar bearta eatramhacha i gcomhréir le dlí an Pháirtí den údarás sin.

([74]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le húdarás rialála teileachumarsáide aon údarás a bhfuil Páirtí freagrach as forfheidhmiú na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo.

Airteagal 23.4

Údarú chun líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar

1. Má éilíonn Páirtí údarú chun líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar, luafaidh sé tréimhse réasúnach ama a theastaíonn de ghnáth don údarás rialála teileachumarsáide chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh ar údarú, cuirfidh sé an tréimhse ama sin in iúl don iarratasóir ar bhealach trédhearcach agus féachfaidh sé le cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh laistigh den tréimhse ama a chuirtear in iúl ([75]).

2. Aon chritéir údarúcháin agus nósanna imeachta is infheidhme, beidh siad chomh simplí, oibiachtúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach comhréireach agus is féidir. Aon choinníollacha a fhorchuirtear ar údarú nó atá bainteach leis, beidh sé neamh-idirdhealaitheach trédhearcach comhréireach agus beidh baint aige leis na seirbhísí a sholáthrófar.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfaighidh iarratasóir i scríbhinn na cúiseanna a bhaineann le húdarú a dhiúltú nó a chúlghairm nó le coinníollacha a fhorchur a bhaineann go sonrach le soláthróir. I gcás diúltú den sórt sin, cúlghairm nó forchur den sórt sin, beidh iarratasóir in ann cúlarach a lorg os comhair comhlacht achomhairc.

4. Táillí riaracháin a fhorchuirfear ar sholáthróirí, más ann dóibh, beidh siad oibiachtúil trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus ar comhréir leis na costais riaracháin a thabhaítear go réasúnach i mbainistiú, rialú agus i bhforfheidhmiú na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo ([76]).

Airteagal 23.5

Idirnascadh

Gan dochar d'Airteagal 23.9, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé de cheart ag soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí ina chríoch agus, arna iarraidh sin ag soláthróir eile líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí sin ina chríoch, d'oibleagáid air caibidlíocht a dhéanamh maidir le hidirnascadh chun críche líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar laistigh dá chríoch.

Airteagal 23.6

Rochtain agus úsáid

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar d'aon soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile, rochtain ar líonraí teileachumarsáide poiblí nó ar sheirbhísí teileachumarsáide poiblí nó cead iad a úsáid ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha ([77]), i gcomhréir , *inter alia,* le míreanna 2 go 5.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh rochtain ag aon soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile ar aon líonra teileachumarsáide poiblí nó ar aon seirbhís teileachumarsáide poiblí a thairgtear laistigh de theorainn an Pháirtí eile nó thar theorainn an Pháirtí eile, lena n-áirítear ciorcaid phríobháideacha léasa, agus chun na críche sin, faoi réir mhír 5, go gceadófar don soláthróir sin:

(a) trealamh teirminéil nó trealamh eile a cheannach, a léasú nó a cheangal, a théann i gcomhéadan leis an líonra agus is gá chun a sheirbhísí a sholáthar;

(b) ciorcaid phríobháideacha atá léasaithe nó faoi úinéireacht a idirnascadh le líonraí teileachumarsáide poiblí nó le ciorcaid atá léasaithe nó faoi úinéireacht soláthróra eile seirbhísí teileachumarsáide; agus

(c) a rogha prótacal oibríochta a úsáid i soláthar aon seirbhíse, seachas mar is gá chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí teileachumarsáide ar fáil don phobal i gcoitinne.

([75]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní choisceann an tAirteagal seo ar Pháirtí soláthar líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a údarú ar fhógra simplí a thabhairt gan fanacht ar chinneadh ón údarás rialála teileachumarsáide.

([76]) Ní áirítear i dtáillí riaracháin íocaíochtaí le haghaidh ceart chun acmhainní ganna a úsáid agus ranníocaíochtaí sainordaitheach le soláthar seirbhíse uiliche.

([77]) Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'neamh-idirdhealaitheach' cóir an náisiúin barrfhabhair agus cóir náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagail 17.9, 18.4, 17.11 agus 18.5, é sin agus faoi théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar ná iad sin a bhronntar ar aon úsáideoirí eile a úsáideann líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí comhchosúla i gcásanna comhchosúla.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh soláthróir seirbhísí de chuid an Pháirtí eile líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a úsáid chun faisnéis a aistriú laistigh de theorainn an Pháirtí sin nó thar a theorainn, lena n-áirítear cumarsáid ionchorparáideach an tsoláthróra seirbhíse sin, agus i gcomhair rochtain ar fhaisnéis atá i mbunachair sonraí nó a stóráiltear ar shlí eile i bhfoirm atá inléite ag meaisín i gcríoch ceachtar den dá Pháirtí.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh Páirtí bearta is gá a ghlacadh chun slándáil agus rúndacht chumarsáide a áirithiú, faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó gan údar nó ina shrian ceilte ar an trádáil i seirbhísí.

5. Áiritheoidh gach Páirtí nach bhforchuirfear aon choinníoll maidir le rochtain ar líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí ina chríoch agus maidir le húsáid a bhaint astu seachas mar is gá chun:

(a) na freagrachtaí seirbhíse poiblí atá ar sholáthróirí líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint, go háirithe a gcumas i dtaobh a gcuid líonraí nó seirbhísí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne; nó

(b) sláine theicniúil líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint.

Airteagal 23.7

Réiteach díospóidí teileachumarsáide

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás díospóide idir soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide i ndáil le cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as an gCaibidil seo, agus arna iarraidh sin ag an bpáirtí is déantóir díospóide, go ndéanfaidh an t-údarás rialála teileachumarsáide cinneadh ceangailteach laistigh de thréimhse ama réasúnach chun an díospóid a réiteach.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an cinneadh arna eisiúint ag an údarás rialála teileachumarsáide ar fáil don phobal, faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht ghnó faoina dhlíthe agus faoina rialacháin. Tabharfaidh an t-údarás rialála teileachumarsáide ráiteas iomlán do na páirtithe díospóideacha maidir leis na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh bunaithe. Beidh sé de cheart ag na páirtithe díospóideacha achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 23.3(7).

3. Maidir leis an nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, áiritheoidh gach Páirtí nach gcuirfidh sé cosc ar cheachtar páirtí is déantóir díospóide caingean a thabhairt os comhair údarás breithiúnach, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí.

Airteagal 23.8

Coimircí iomaíochta ar mhórsholáthróirí

Glacfaidh gach Páirtí bearta iomchuí nó coinneoidh sé ar bun iad chun críocha cosc a chur ar sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide, arb é atá iontu, ina n-aonar nó in éindí, mórsholáthróir, cosc a chur orthu cleachtais fhrithiomaíocha a dhéanamh nó leanúint díobh, a chuimsíonn an méid seo a leanas:

(a) tras-fhóirdheonú frithiomaíoch a dhéanamh;

(b) faisnéis a fhaightear ó iomaitheoirí a úsáid agus torthaí frithiomaíocha a bheith air sin; agus

(c) gan faisnéis theicniúil faoi shaoráidí fíor-riachtanacha ná faisnéis atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de a chur ar fáil do sholáthróirí seirbhíse eile, ar bhonn tráthúil, ar faisnéis í a bhfuil gá acu léi chun seirbhísí a sholáthar.

Airteagal 23.9

Idirnascadh le mórsholáthróirí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh mórsholáthróirí líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, go ndéanfaidh siad idirnascadh a sholáthar ag aon phointe is indéanta go teicniúil sa líonra. Soláthróidh mórsholáthróirí idirnascadh den sórt sin:

(a) faoi théarmaí agus coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, lena n-áirítear maidir le rátaí, caighdeáin theicniúla, sonraíochtaí, cáilíocht agus cothabháil, agus de cháilíocht nach lú fabhar ná an t-idirnasc a sholáthraítear dá seirbhísí comhchosúla féin, nó do sheirbhísí comhchosúla a bhfochuideachtaí nó a gcuideachtaí comhlacha eile;

(b) go tráthúil agus ar théarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear i dtaca le rátaí, caighdeáin teicniúla, sonraíochtaí, cáilíocht agus cothabháil, atá trédhearcach, réasúnach, ag féachaint d'indéantacht eacnamaíoch, agus díchuachta a ndóthain ionas nach gá don soláthróir íoc as comhpháirteanna nó saoráidí líonra nach bhfuil gá aige leo i leith na seirbhísí atá le soláthar; agus

(c) arna iarraidh sin, ag pointí de bhreis ar na críochphointí líonra a chuirtear ar fáil do thromlach na n-úsáideoirí, faoi réir muirir lena léirítear costas tógála na saoráidí breise is gá.

2. Cuirfidh gach Páirtí na nósanna imeachta is infheidhme maidir le hidirnascadh le mórsholáthróir ar fáil go poiblí.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfidh mórsholáthróirí ar fáil go poiblí a gcomhaontuithe maidir le hidirnascadh nó a dtairiscint thagartha maidir le hidirnascadh, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 23.10

Rochtain ar shaoráidí fíor-riachtanacha mórsholáthróirí

Tabharfaidh gach Páirtí an chumhacht dá údarás rialála teileachumarsáide chun a cheangal go ndéanfaidh mórsholáthróir ina chríoch a shaoráidí fíor-riachtanacha a chur ar fáil do sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chun líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar, ach amháin murar gá sin chun iomaíocht éifeachtach a bheith ann ar bhonn na bhfíricí a bhailítear agus ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanann an t-údarás rialála teileachumarsáide. D'fhéadfaí a chuimsiú le háiseanna saoráidí fíor-riachtanacha mórsholáthróra eilimintí líonra, seirbhísí ciorcaid léasa agus saoráidí gaolmhara.

Airteagal 23.11

Acmhainní tearca

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar cearta úsáide acmhainní ganna, lena n-áirítear speictream raidió, uimhreacha agus cearta slí, a leithdháileadh agus a dheonú ar bhealach oscailte, oibiachtúil, tráthúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach atá dírithe ar chuspóirí leasa ghinearálta a bhaint amach. Beidh na nósanna imeachta, na coinníollacha agus na hoibleagáidí a ghabhann le cearta úsáide bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha.

2. Déanfaidh gach Páirtí úsáid reatha na mbandaí minicíochta leithdháilte a chur ar fáil go poiblí, ach ní gá sainaithint mhionsonraithe a dhéanamh ar an speictream raidió a leithdháiltear d'úsáidí sonracha rialtais.

3. Bearta de chuid Páirtí a dhéanann speictream a leithdháileadh agus a shannadh agus minicíocht a bhainistiú, níl siad iontu féin ar neamhréir le hAirteagail 17.8 agus 18.7. Dá réir sin, coinníonn gach Páirtí an ceart bearta bainistithe speictrim agus minicíochta a bhunú agus a chur i bhfeidhm a bhféadfadh sé go mbeadh d'éifeacht acu líon na soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide a theorannú, ar choinníoll go ndéanfaidh sé amhlaidh ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo. Áirítear leis sin an cumas bandaí minicíochta a leithdháileadh, ag cur san áireamh riachtanais reatha agus todhchaí agus infhaighteacht speictrim.

Airteagal 23.12

Inaistritheacht uimhreach

Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí ina chríoch, go soláthróidh siad inaistritheacht uimhreach ar bhonn tráthúil ar théarmaí agus coinníollacha réasúnacha.

Airteagal 23.13

Seirbhís uilíoch

1. Tá an ceart ag gach Páirtí an cineál oibleagáidí seirbhíse uilíche is mian leis a choinneáil ar bun a shainiú, agus a raon feidhme agus a chur chun feidhme a chinneadh.

2. Ní mheasfar gur oibleagáidí frithiomaíocha iontu féin iad oibleagáidí seirbhíse uilíche, ar choinníoll go riartar iad ar bhealach comhréireach, trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach. Beidh riar na n-oibleagáidí sin neodrach maidir le hiomaíocht agus ní bheidh sé níos troime ná mar is gá don chineál seirbhíse uilíche arna sainiú ag an bPáirtí.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh nósanna imeachta maidir le soláthróirí seirbhíse uilíche a ainmniú ar oscailt do gach soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus ainmneoidh sé soláthróirí seirbhíse uilíche trí shásra éifeachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

4. Má shocraíonn Páirtí soláthróir a mhaoiniú as seirbhís uilíoch a sholáthar, áiritheoidh sé nach rachaidh an maoiniú sin thar an nglanchostas arbh é an oibleagáid seirbhíse uilíche ba chúis leis.

Airteagal 23.14

Rúndacht faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a fhaigheann faisnéis rúnda ó sholáthróir eile líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide le linn socruithe a chaibidliú de bhun Airteagail 23.5, 23.6, 23.9 agus 23.10 go n-úsáidfidh siad an fhaisnéis sin chun na gcríoch dár soláthraíodh í agus go n-urramóidh siad rúndacht na faisnéise sin i gcónaí.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le rúndacht teileachumarsáide agus sonraí tráchta gaolmhara a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, ar choinníoll nach nglactar aon bheart a dhéanann sé chuige sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó gan údar nó ina shrian cheilte a dhéanamh ar an trádáil i seirbhísí.

Airteagal 23.15

Scairshealbhú eachtrach

Maidir le líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide seachas craoltóireacht raidió phoiblí a sholáthar trí láithreacht thráchtála, ní dhéanfaidh Páirtí ceanglais chomhfhiontair a fhorchur nó teorainn chéatadánach uasta ar scairshealbhú eachtrach nó luach iomlán na hinfheistíochta eachtraí aonair nó i dtéarmaí luach iomlán na hinfheistíochta eachtraí comhiomláine ar chaipiteal eachtrach.

Airteagal 23.16

Rochtain oscailte neamh-idirdhealaitheach ar an idirlíon

1. Déanfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcuirfidh soláthróirí seirbhísí rochtana ar an idirlíon ar chumas úsáideoirí na seirbhísí sin faisnéis, ábhar agus seirbhísí dá rogha féin a rochtain agus a dháileadh.

2. Tá mír 1 gan dochar do dhlíthe agus rialacháin Páirtí a bhaineann le dlíthiúlacht na faisnéise, an ábhair nó na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin.

3. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh soláthróirí seirbhísí rochtana ar an idirlíon bearta bainistíochta gréasáin atá neamh-idirdhealaitheach ([78]), réasúnta, trédhearcach agus comhréireach a chur chun feidhme, ar bearta iad atá comhsheasmhach le dlíthe agus rialacháin Páirtí.

4. Déanfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcuirfidh soláthróirí seirbhísí rochtana ar an idirlíon ar chumas úsáideoirí na seirbhísí sin feistí dá rogha féin a úsáid, ar choinníoll nach ndéanfaidh na gléasanna sin dochar do shlándáil gléasanna eile, don líonra nó do na seirbhísí a sholáthraítear thar an líonra.

([78]) Faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear i ndlíthe agus rialacháin Páirtí.

Airteagal 23.17

Fánaíocht idirnáisiúnta soghluaiste

1. Féachfaidh na Páirtithe le comhoibriú chun rátaí trédhearcacha réasúnacha do sheirbhísí fánaíochta soghluaiste idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealaí ar féidir leo cabhrú le fás na trádála i measc na bPáirtithe a chur chun cinn agus leas tomhaltóirí a fheabhsú.

2. Féadfaidh gach Páirtí bearta a dhéanamh chun trédhearcacht agus iomaíocht a fheabhsú i dtaca le rátaí idirnáisiúnta fánaíochta soghluaiste agus roghanna malartacha teicneolaíochta ar sheirbhísí fánaíochta, amhail:

(a) a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar fhaisnéis maidir le rátaí miondíola; agus

(b) íoslaghdú a dhéanamh ar bhacainní ar úsáid roghanna teicneolaíochta ar fhánaíocht, trínar féidir le húsáideoirí a thugann cuairt ar chríoch Páirtí ó chríoch an Pháirtí eile rochtain a fháil ar sheirbhísí teileachumarsáide trí úsáid a bhaint as a rogha feiste.

CAIBIDIL 24

SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal 24.1

Raon feidhme, sainmhínithe agus prionsabail

1. Leagtar amach sa Chaibidil seo na prionsabail maidir le léirscaoileadh seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de bhun Chaibidlí 17, 18 agus 19.

2. Chun críocha na Caibidle seo agus Chaibidlí 17, 18 agus 19 agus Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C:

(a) ciallaíonn 'seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta' gníomhaíochtaí arb é atá iontu coimeádáin a stóráil, bíodh sin i limistéir chalafoirt nó go hintíre d'fhonn iad a phacáil, a dhíphacáil nó a nochtadh, iad a dheisiú agus iad a chur ar fáil lena loingsiú;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí imréitigh custaim' nó 'seirbhísí bróicéirí tí custaim' arb é atá iontu foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh thar ceann páirtí eile a bhaineann le lastaí a allmhairiú, a onnmhairiú nó a iompar, bíodh na seirbhísí sin ina bpríomhghníomhaíocht nó ina ngníomhaíocht thánaisteach ag an tsoláthraí seirbhíse nó ná bíodh;

(c) ciallaíonn 'oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó oibríochtaí iompair ilmhódacha' lasta a iompar trí úsáid a bhaint as níos mó ná modh iompair amháin, lena mbaineann céim farraige idirnáisiúnta, faoi dhoiciméad iompair aonair;

(d) ciallaíonn 'seirbhísí friothálacha' lasta idirnáisiúnta a réamhsheoladh agus a sheoladh ar aghaidh ar muir, idir calafoirt atá suite i bPáirtí, go háirithe lasta i gcoimeádán, ar an mbealach chuig ceann scríbe lasmuigh de chríoch an Pháirtí sin;

(e) ciallaíonn 'seirbhísí seolta lasta' an ghníomhaíocht arb í oibríochtaí loingseoireachta a eagrú agus faireachán a dhéanamh orthu thar ceann seoladóirí trí iompar a shealbhú agus seirbhísí gaolmhara a shocrú, trí dhoiciméid a ullmhú agus trí fhaisnéis ghnó a sholáthar;

(f) ciallaíonn 'lasta idirnáisiúnta' lasta a iompraítear idir calafort Páirtí amháin agus calafort de chuid an Pháirtí eile nó de chuid tríú tír, nó idir calafort Ballstáit amháin agus calafort Ballstáit eile;

(g) ciallaíonn 'seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta' paisinéirí nó lasta a iompar ar shoithí-farraige idir calafort Páirtí amháin agus calafort de chuid Pháirtí eile nó tríú tír, lena n-áirítear conradh díreach le soláthróirí seirbhísí iompair eile, d'fhonn oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó oibríochtaí iompair ilmhódacha a chumhdach faoi dhoiciméad iompair amháin, ach ní an ceart na seirbhísí iompair eile a sholáthar;

(h) ciallaíonn 'seirbhísí gníomhaireachta muirí' gníomhaíochtaí lena ndéantar ionadaíocht, mar ghníomhaire, laistigh de limistéar geografach ar leith, ar leasanna gnó líne loingseoireachta amháin nó níos mó nó cuideachta loingseoireachta amháin nó níos mó, chun na gcríoch seo a leanas:

(i) margaíocht agus díolachán a dhéanamh ar sheirbhísí muiriompair agus seirbhísí gaolmhara, ó luachan go heisiúint sonrasc, billí luchta a eisiúint thar ceann na gcuideachtaí, na seirbhísí gaolmhara is gá a fháil agus a athdhíol, doiciméadacht a ullmhú, agus faisnéis ghnó a sholáthar; nó

(ii) gníomhú thar ceann na gcuideachtaí a eagraíonn glao na loinge nó a ghlacfaidh lastaí nuair is gá;

(i) ciallaíonn 'seirbhísí cúnta muirí' seirbhísí láimhseála lasta mhuirí, seirbhísí imréitigh custaim, seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta, seirbhísí gníomhaireachta muirí agus seirbhísí seolta lasta mhuirí; agus

(j) ciallaíonn 'seirbhísí láimhseála lasta mhuirí' gníomhaíochtaí a fheidhmíonn cuideachtaí stíbheadóra, lena n-áirítear oibreoirí críochfoirt ach nach ndéanann gníomhaíochtaí díreacha dugairí a áireamh nuair a dhéantar na hoibrithe sin a eagrú go neamhspleách ar na cuideachtaí stíbheadóra nó ar na cuideachtaí oibritheora críochfoirt; ar na seirbhísí a chumhdaítear tá eagrú agus maoirseacht na nithe seo a leanas:

(i) lasta a luchtú ar shoitheach nó a dhíluchtú as soitheach;

(ii) lasta a cheangal nó a dhícheangal; agus

(iii) glacadh le lasta nó é a sheachadadh agus é a choimeád slán roimh loingsiú nó tar éis a dhíluchtaithe.

3. I bhfianaise na leibhéal léirscaoilte atá ann cheana idir na Páirtithe i muiriompar idirnáisiúnta, tá feidhm ag na prionsabail seo a leanas:

(a) cuirfidh na Páirtithe prionsabal na rochtana neamhshrianta ar na margaí muirí agus trádála muirí idirnáisiúnta ar bhonn tráchtála agus neamh-idirdhealaitheach i bhfeidhm go héifeachtach; agus

(b) tabharfaidh gach Páirtí cóir nach lú fabhar do longa atá faoi bhratach an Pháirtí eile nó atá á n-oibriú ag soláthróirí seirbhíse an Pháirtí eile ná an chóir a thugtar dá longa féin, lena n-áirítear maidir le rochtain ar chalafoirt, úsáid bonneagair agus seirbhísí calafort, agus úsáid seirbhísí cúnta muirí, chomh maith le táillí agus muirir ghaolmhara, saoráidí custaim agus sannadh bearta agus saoráidí le haghaidh luchtú agus díluchtú.

4. Agus na prionsabail dá dtagraítear i mír 3 á chur i bhfeidhm, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) gan socruithe maidir le comhroinnt lasta a thabhairt isteach i gcomhaontuithe a bheidh ann amach anseo le tríú tíortha maidir le seirbhísí muiriompair, lena n-áirítear an trádáil bhulc thirim agus leachtach agus línéir, agus deireadh a chur, laistigh de thréimhse réasúnta ama, leis na socruithe sin maidir le comhroinnt lasta más ann dóibh i gcomhaontuithe atá an cheana; agus

(b) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh, deireadh a chur le haon bheart aontaobhach nó le haon bhac riaracháin, teicniúil agus eile a d'fhéadfadh bheith ina shrian faoi cheilt nó a mbeadh éifeacht idirdhealaitheach aige ar sholáthar saor seirbhísí i muiriompar idirnáisiúnta, agus staonadh ó aon bheart nó aon bhac den sórt sin a thabhairt isteach.

5. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de chuid an Pháirtí eile fiontar a bheith bunaithe agus ag oibriú ina chríoch i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear ina sceideal gealltanas sonrach in Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C.

6. Déanfaidh gach Páirtí na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil ag an gcalafort do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de chuid an Pháirtí eile, ar théarmaí agus coinníollacha réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha: píolótaíocht, cúnamh tuála agus tarraingthe, soláthar, breoslú agus uisciú, bailiú dramhaíola agus diúscairt dramhaíola ballasta, seirbhísí captaein calafoirt, áiseanna loingseoireachta, seirbhísí oibríochtúla ar tír atá riachtanach d'oibríochtaí long, lena n-áirítear cumarsáid, soláthairtí uisce agus leictreacha, saoráidí deisithe éigeandála, seirbhísí ancaireachta, agus calaithe agus seirbhísí calaithe.

7. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta an Pháirtí eile suíomh coimeádán folamh dá gcuid féin nó coimeádán folamh atá ar léas acu, nach bhfuil á n-iompar mar lasta le haghaidh íocaíochta a athrú idir calafoirt na Sile nó idir calafoirt Ballstáit.

CAIBIDIL 25

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Airteagal 25.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le beart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ag Páirtí, ar beart é a bhaineann le:

(a) institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile;

(b) infheisteoir den Pháirtí eile, agus infheistíochtaí de chuid na n-infheisteoirí sin, in institiúidí airgeadais i gcríoch an Pháirtí; nó

(c) trádáil trasteorann i seirbhísí airgeadais.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Caibidil 17 maidir le beart:

(a) a bhaineann le hinfheisteoir de chuid Páirtí agus le hinfheistíocht de chuid an infheisteora sin, i soláthróir seirbhísí airgeadais nach institiúid airgeadais é; agus

(b) seachas beart a bhaineann le soláthar seirbhísí airgeadais, a bhaineann le hinfheisteoir de chuid Páirtí, nó le hinfheistíocht an infheisteora sin i gcríoch an Pháirtí eile in institiúid airgeadais.

3. Níl feidhm ag forálacha Chaibidlí 17 agus 18 maidir le bearta a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo ach amháin a mhéid a dhéantar na forálacha sin a chorprú sa Chaibidil seo agus a dhéantar cuid den Chaibidil seo díobh.

4. Ionchorpraítear leis seo Airteagail 17.5, 17.16, 17.23 agus 18.9 sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo díobh.

5. Déantar leis seo Roinn D de Chaibidil 17 a ionchorprú sa Chaibidil seo, agus ní dhéantar cuid den Chaibidil seo di ach amháin i leith éileamh gur sháraigh Páirtí Airteagal 17.16, 17.17, 17.18, 17.19, 17.20, 17.21, Airteagal 25.3(2) nó Airteagal 25.5(2).

6. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le beart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ag Páirtí, ar beart é a bhaineann le:

(a) gníomhaíochtaí a dhéanann banc ceannais nó údarás airgeadaíochta nó aon eintiteas poiblí eile d'fhonn beartais airgeadaíochta nó ráta malairte a shaothrú;

(b) gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta; nó

(c) gníomhaíochtaí nó seirbhísí arna ndéanamh do chuntas an Pháirtí, le ráthaíocht an Pháirtí nó trí leas a bhaint as acmhainní airgeadais an Pháirtí, lena n-áirítear a eintitis phoiblí.

7. D'ainneoin mhír 6, tá feidhm ag an gCaibidil seo a mhéid a cheadóidh Páirtí dá chuid institiúidí airgeadais aon cheann de na gníomhaíochtaí nó de na seirbhísí dá dtagraítear i bhfomhír (b) nó i bhfomhír (c) de mhír 6 a dhéanamh in iomaíocht le heintiteas poiblí nó le hinstitiúid airgeadais.

8. Níl feidhm ag Airteagail 25.3 agus 25.5 go 25.9 maidir le soláthar poiblí.

9. Níl feidhm ag Airteagail 25.3 agus 25.5 go 25.8 maidir le fóirdheontais arna soláthar ag Páirtí, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

Airteagal 25.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinn 25:

(a) ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid Páirtí’ duine de chuid Páirtí atá ag gabháil do ghnó seirbhíse airgeadais a sholáthar laistigh de chríoch an Pháirtí agus a fhéachann le seirbhís airgeadais a sholáthar trí sholáthar trasteorann na seirbhíse sin, nó a sholáthraíonn seirbhís airgeadais amhlaidh;

(b) ciallaíonn ‘soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais’ nó ‘trádáil trasteorann i seirbhísí airgeadais’, seirbhís airgeadais a sholáthar:

(i) ó chríoch Páirtí isteach i gcríoch an Pháirtí eile; nó

(ii) i gcríoch Páirtí ag duine de chuid an Pháirtí sin chuig tomhaltóir seirbhísí de chuid an Pháirtí eile;

(c) ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ soláthróir seirbhíse airgeadais amháin nó níos mó a rialáiltear nó a ndéantar maoirseacht air i ndáil le soláthar na seirbhísí sin mar institiúid airgeadais faoi dhlí an Pháirtí a bhfuil sé lonnaithe ina chríoch, lena n-áirítear brainse i gcríoch Pháirtí an tsoláthróra seirbhíse airgeadais sin a bhfuil a cheannoifigí suite i gcríoch an Pháirtí eile;

(d) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ seirbhís de chineál airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas, seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas). Áirítear le seirbhísí airgeadais na gníomhaíochtaí a leanas:

(i) seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas:

(A) árachas díreach (lena n-áirítear comhárachas):

(1) árachas saoil; agus

(2) árachas neamhshaoil;

(B) athárachas agus aisghéilleadh;

(C) idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht; agus

(D) seirbhísí atá tánaisteach i leith árachais, amhail sainchomhairleoireacht, seirbhísí achtúireacha, measúnú riosca, agus seirbhísí maidir le héilimh a shocrú; agus

(ii) seirbhísí baincéireachta agus seirbhíse airgeadais eile (seachas árachas):

(A) glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal;

(B) iasachtú de gach cineál, lena n-áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú;

(C) léasú airgeadais;

(D) gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil, agus dréachtaí baincéirí;

(E) ráthaíochtaí agus gealltanais;

(F) na nithe seo a leanas a thrádáil ar a chuntas féin nó ar chuntas custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile a dhéantar é:

(1) ionstraimí margaidh airgid (lena n-áirítear seiceanna, billí, deimhnithe taisce);

(2) malairt eachtrach;

(3) táirgí díorthacha, lena n-áirítear todhchaíochtaí agus roghanna;

(4) ionstraimí ráta malairte agus ionstraimí ráta úis, lena n-áirítear táirgí amhail babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta;

(5) urrúis inaistrithe; nó

(6) ionstraimí agus sócmhainní airgeadais soshannta eile, lena n-áirítear buillean;

(G) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire, bíodh sin go poiblí nó go príobháideach, agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;

(H) bróicéireacht airgid;

(I) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta ar infheistíocht chomhchoiteann, bainistíocht ciste pinsin, agus seirbhísí coinneála, taisclainne, agus iontaobhais;

(J) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile;

(K) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus

(L) seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus seirbhísí airgeadais cúntacha eile maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i bhfomhíreanna (A) go (K), lena n-áirítear teistiméireacht chreidmheasa agus anailís airgeadais, taighde agus comhairle faoi infheistíocht agus punanna, agus comhairle maidir le héadálacha agus maidir le hathstruchtúrú corparáideach agus straitéisí corparáideacha;

(e) ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse airgeadais de chuid Páirtí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí a fhéachann le seirbhís airgeadais a sholáthar nó a dhéanann í a sholáthar agus ní chuimsítear ann eintiteas poiblí;

(f) ciallaíonn infheistíocht 'infheistíocht' mar a shainmhínítear i bhfomhír (k) d'Airteagal 17.2, ach amháin, chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinn 25 maidir le 'iasachtaí' agus 'ionstraimí fiachais':

(i) an iasacht le hinstitiúid airgeadais nó ionstraim fiachais arna heisiúint ag institiúid airgeadais, ní infheistíocht í ach amháin más mar chaipiteal rialála a láimhseálann an Páirtí a bhfuil an institiúid airgeadais lonnaithe ina chríoch an iasacht nó an ionstraim fiachais sin; agus

(ii) an iasacht arna deonú ag institiúid airgeadais nó ionstraim fiachais ar le hinstitiúid airgeadais í, seachas iasacht nó ionstraim fiachais a eisíonn institiúid airgeadais dá dtagraítear i bhfomhír (i), ní infheistíocht í;

ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, iasacht arna deonú ag soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann, nó ionstraim airgeadais ar le soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann í, seachas iasacht le hinstitiúid airgeadais nó ionstraim fiachais arna heisiúint ag institiúid airgeadais, is infheistíocht í chun críocha Chaibidil 17, má chomhlíonann iasacht nó ionstraim fiachais den sórt sin na critéir maidir leis an sainmhíniú ar 'infheistíocht' a leagtar amach i bhfomhír (k) d'Airteagal 17.2;

(g) ciallaíonn 'infheisteoir de chuid Páirtí' duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí a fhéachann le hinfheistíocht a dhéanamh, a bhfuil infheistíocht á déanamh aige nó a rinne infheistíocht i gcríoch an Pháirtí eile;

(h) ciallaíonn 'duine dlítheanach de chuid Páirtí':

(i) i gcás an Pháirtí AE: duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi dhlí ceann amháin dá Bhallstáit ar a laghad agus atá i mbun oibríochtaí gnó substainteacha ([79]) i gcríoch an Aontais Eorpaigh; agus

(ii) i gcás na Sile: duine dlítheanach atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí na Sile agus atá ag gabháil d'oibríochtaí gnó substainteacha i gcríoch na Sile;

(i) ciallaíonn 'seirbhís airgeadais nua' seirbhís de chineál airgeadais lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le táirgí atá ann cheana agus táirgí nua nó an chaoi ina ndéantar táirge a sheachadadh, nach ndéantar a sholáthar ag an soláthróir seirbhíse airgeadais i gcríoch Páirtí ach a sholáthraítear i gcríoch an Pháirtí eile;

(j) ciallaíonn 'eintiteas poiblí':

([79]) I gcomhréir lena fhógra faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh don EDT (WT/REG39/1), tá an tuiscint ag an bPáirtí AE gurb ionann an coincheap 'nasc éifeachtach agus leanúnach' le geilleagar Ballstáit den Aontas Eorpach atá cumhdaithe in Airteagal 54 de CFAE coibhéiseach agus an coincheap 'oibríochtaí gnó substainteacha'.

(i) rialtas, banc ceannais nó údarás airgeadaíochta de chuid Páirtí nó aon eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí, a bhíonn ag gabháil go príomha d'fheidhmeanna rialtais a dhéanamh nó do ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun críocha rialtais, ach ní áirítear leis eintiteas a bhíonn ag gabháil go príomha do sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar théarmaí tráchtála; nó

(ii) eintiteas príobháideach a dhéanann feidhmeanna a bhíonn á ndéanamh de ghnáth ag banc ceannais nó údarás airgeadaíochta agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú aige; agus

(k) ciallaíonn 'eagraíocht féinrialála' comhlacht neamhrialtasach, lena n-áirítear malartán urrús nó todhchaíochtaí nó margadh, gníomhaireacht imréitigh, nó eagraíocht nó comhlachas eile a bhfuil údarás rialála nó maoirseachta aige ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais nó ar institiúidí airgeadais le dlí nó le tarmligean ó rialtais nó údaráis láir, réigiúnacha nó áitiúla, i gcás inarb infheidhme.

Airteagal 25.3

Cóir náisiúnta

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí in institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile agus dá bhfiontair ar infheistíochtaí in institiúidí airgeadais iad, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([80]), dá infheisteoirí féin in institiúidí airgeadais agus dá bhfiontair ar institiúidí airgeadais iad, maidir lena mbunú.

2. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí in institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile agus dá n-infheistíochtaí in institiúidí airgeadais, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([81]), dá infheisteoirí féin in institiúidí airgeadais agus dá n-infheistíochtaí in institiúidí airgeadais iad, maidir lena n-oibriú.

3. Is éard is brí leis an gcóir a thugann Páirtí faoi mhíreanna 1 agus 2:

(a) maidir le rialtas réigiúnach nó áitiúil de chuid na Sile, ciallaíonn sé cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí a thugann an rialtas sin, i gcúinsí den chineál céanna, d'infheisteoirí in institiúidí airgeadais de chuid na Sile agus dá n-infheistíochtaí in institiúidí airgeadais ina críoch;

(b) maidir le rialtas Ballstáit den Aontas Eorpach nó rialtas i mBallstát den Aontas Eorpach, ciallaíonn sé cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí a thugann an rialtas sin, i gcúinsí den chineál céanna, d'infheisteoirí in institiúidí airgeadais an Bhallstáit sin agus dá n-infheistíochtaí in institiúidí airgeadais ina chríoch ([82]).

Airteagal 25.4

Soláthar poiblí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar cóir d'institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile arna mbunú ina críoch, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugtar, i gcúinsí den chineál céanna, dá n-institiúidí airgeadais féin i ndáil le haon bheart maidir le ceannach earraí nó seirbhísí ag eintiteas soláthair chun críoch rialtais.

2. Cur i bhfeidhm na hoibleagáide cóireála náisiúnta dá bhforáiltear san Airteagal seo, leanfaidh sé de bheith faoi réir eisceachtaí slándála agus eisceachtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 28.3.

([80]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

([81]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

([82]) Ar maithe le cinnteacht níos fearr, an chóir a thugann rialtas Ballstáit nó rialtas i mBallstát, áirítear leis sin an leibhéal réigiúnach rialtais agus an leibhéal áitiúil rialtais, i gcás inarb infheidhme.

Airteagal 25.5

Cóir an náisiúin barrfhabhair

1. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí in institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile agus dá bhfiontair ar infheistíochtaí in institiúidí airgeadais iad, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([83]), d'infheisteoirí féin in institiúidí airgeadais de chuid tríú tír agus dá bhfiontair ar institiúidí airgeadais iad, maidir lena mbunú.

2. Tabharfaidh gach Páirtí cóir d'infheisteoirí in institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile agus dá n-infheistíochtaí in institiúidí airgeadais, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé, i gcúinsí den chineál céanna ([84]), d'infheisteoirí féin in institiúidí airgeadais de chuid tríú tír agus dá n-infheistíochtaí in institiúidí airgeadais, maidir lena n-oibriú.

3. Ní fhorléireofar míreanna 1 agus 2 mar mhíreanna chun a chur d'oibleagáid ar Pháirtí tairbhe aon chóra a thabhairt d'infheisteoirí in institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile nó d'infheistíochtaí in institiúidí airgeadais, ar cóir í a eascraíonn as bearta lena ndéantar foráil d'aitheantas a thabhairt do chaighdeáin, lena n-áirítear do na caighdeáin nó do na critéir chun duine nádúrtha nó fiontar a údarú, nó chun ceadúnas nó deimhniúchán a thabhairt dóibh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, nó aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear sa chóir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 nósanna imeachta nó sásraí um réiteach díospóidí infheistíochta dá bhforáiltear i gconarthaí infheistíochta idirnáisiúnta eile nó i gcomhaontuithe trádála. Ní hionann na forálacha substainteacha iad féin atá i gconarthaí infheistíochta idirnáisiúnta nó i gcomhaontuithe trádála agus 'an chóir' dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, agus mar sin ní fhéadfadh sárú an Airteagail seo a bheith mar thoradh orthu, in éagmais bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun. Féadfaidh bearta Páirtí, a chuirtear i bhfeidhm de bhun forálacha substainteacha den sórt sin, a bheith ina 'gcóir' faoin Airteagal seo agus, dá bhrí sin, féadfaidh sárú ar an Airteagal seo eascairt astu.

Airteagal 25.6

Rochtain ar an margadh

1. Sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha a liostaítear i Roinn B d'Fhoscríbhinní 25-1 agus 25-2 ina ndéantar gealltanais i ndáil le rochtain ar an margadh, ní dhéanfaidh Páirtí beart a ghlacadh ná a choinneáil ar bun, i ndáil le rochtain ar an margadh, trí bhunú nó trí oibriú institiúidí airgeadais ag infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile, cibé acu ar bhonn a chríche uile nó ar bhonn foroinn chríochach, ar beart é lena ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) cuirtear srian le líon na n-institiúidí airgeadais, bíodh siad i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí, soláthróirí seirbhíse eisiacha nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha nó ná bíodh;

(b) cuirtear srian le luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní seirbhíse airgeadais i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha;

(c) cuirtear srian le líon iomlán na n-oibríochtaí seirbhíse airgeadais nó cainníocht iomlán an aschuir seirbhísí airgeadais arna sloinneadh i dtéarmaí aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha;

(d) cuirtear srian le líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil seirbhísí airgeadais áirithe nó a fhéadfaidh institiúid airgeadais a fhostú, ar daoine iad is gá i leith seirbhís airgeadais shonrach a sholáthar agus a bhfuil baint dhíreach acu leis an soláthar sin, i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha; nó

(e) lena ndéanfar cineálacha sonracha eintiteas dlíthiúil nó comhfhiontar trínar féidir le hinstitiúid airgeadais seirbhís a sholáthar a shrianadh nó lena ndéanfar riachtanach iad.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, ní chuirtear cosc leis an Airteagal seo ar Pháirtí a cheangal ar institiúid airgeadais seirbhísí airgeadais áirithe a sholáthar trí eintitis dhlíthiúla ar leithligh más rud é, faoi dhlí an Pháirtí sin, nach féidir raon na seirbhísí airgeadais arna soláthar ag an institiúid airgeadais a sholáthar trí aon eintiteas amháin.

([83]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

([84]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé acu a thugtar nó nach dtugtar cóir i 'cásanna comhchosúla', is rud é sin a éalaíonn anailís cás ar chás atá bunaithe ar fhíorais agus braitheann sé ar iomláine na gcásanna.

Airteagal 25.7

Soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais

1. Déantar Airteagail 18.4, 18.5, 18.6 agus 18.7 a chorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo díobh agus tá feidhm acu maidir le bearta a dhéanann difear do sholáthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann a sholáthraíonn na seirbhísí airgeadais a leagtar amach i Roinn A d'Fhoscríbhinní 25-1 agus 25-2.

2. Ceadóidh Páirtí do dhuine atá lonnaithe ina chríoch, agus dá dhaoine nádúrtha cibé áit a bhfuil siad lonnaithe, seirbhísí airgeadais a cheannach ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile. Ní cheanglaíonn an oibleagáid sin ar Pháirtí ceadú do na soláthróirí sin gnó a dhéanamh ná obair a lorg ina chríoch. Féadfaidh Páirtí 'déan gnó' agus 'obair a lorg' a shainmhíniú chun críocha na hoibleagáide sin, ar choinníoll nach bhfuil na sainmhínithe sin ar neamhréir le mír 1 den Airteagal seo.

3. Gan dochar do mhodhanna eile chun rialáil stuamachta a dhéanamh ar thrádáil trasteorann i seirbhísí airgeadais, féadfaidh Páirtí a cheangal go gclárófar nó go n-údarófar soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile agus go gclárófar nó go n-údarófar ionstraimí airgeadais.

Airteagal 25.8

Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

Ní cheanglóidh Páirtí ar institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile atá bunaithe ina chríoch daoine nádúrtha d'aon náisiúntacht ar leith a cheapadh mar chomhaltaí de bhoird stiúrthóirí, nó i bpost ardbhainistíochta, amhail feidhmeannaigh nó bainisteoirí.

Airteagal 25.9

Ceanglais feidhmíochta

1. Ní dhéanfaidh Páirtí, i ndáil le haon fhiontar a bhunú nó a oibriú, ar institiúid airgeadais de chuid Páirtí nó de chuid tríú tír ina críoch, aon cheanglas a fhorchur ná a fhorfheidhmiú, ná aon ghealltanas ná tiomantas a fhorfheidhmiú:

(a) leibhéal nó céatadán ar leith d'earraí nó seirbhísí a onnmhairiú;

(b) leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;

(c) tosaíocht a thabhairt d'earra a tháirgtear nó do sheirbhís a sholáthraítear ina chríoch nó earraí nó seirbhísí a cheannach nó a úsáid, nó earraí nó seirbhísí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó ó fhiontair ina chríoch;

(d) méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar bhealach ar bith le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreabh malairte eachtraí atá bainteach leis an infheistíocht sin;

(e) chun srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann an institiúid airgeadais sin nó a sholáthraíonn sé, trí na díolacháin sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a insreabh malairte eachtraí ar bhealach ar bith;

(f) teicneolaíocht, próiseas táirgthe nó eolas dílsithe eile a aistriú chuig duine nádúrtha nó chuig fiontar ina chríoch;

(g) chun na hearraí a tháirgeann sé nó na seirbhísí a sholáthraíonn sé a sholáthar go heisiach ó chríoch an Pháirtí do réigiún ar leith nó don mhargadh domhanda;

(h) chun ceanncheathrú na hinstitiúide airgeadais sin a shuí le haghaidh réigiún sonrach den domhan atá níos leithne ná críoch an Pháirtí nó an margadh domhanda ina chríoch;

(i) líon nó céatadán áirithe dá náisiúnaigh a earcú; nó

(j) srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú.

2. I ndáil le Páirtí nó tríú tír institiúid airgeadais de chuid Páirtí nó de chuid tríú tír a bhunú nó a oibriú ina chríoch, ní chuirfidh Páirtí comhlíonadh aon cheann de na ceanglais seo a leanas mar choinníoll le buntáiste a fháil nó leanúint de bhuntáiste a fháil:

(a) chun leibhéal nó céatadán ar leith d'ábhar intíre a bhaint amach;

(b) tosaíocht a thabhairt d'earra a tháirgtear nó do sheirbhís a sholáthraítear ina chríoch nó earraí nó seirbhísí a cheannach nó a úsáid, nó earraí nó seirbhísí a cheannach ó dhaoine nádúrtha nó ó fhiontair ina chríoch;

(c) chun méid nó luach na n-allmhairí a cheangal ar bhealach ar bith le méid nó luach na n-onnmhairí nó le méid na n-insreabh malairte eachtraí atá bainteach leis an institiúid airgeadais sin;

(d) srian a chur ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí ina chríoch a tháirgeann nó a sholáthraíonn an institiúid airgeadais sin, trí na díolacháin sin a cheangal le méid nó luach a onnmhairí nó a insreabh malairte eachtraí ar bhealach ar bith; nó

(e) srian a chur ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú.

3. Ní fhorléireofar mír 2 mar mhír lena gcuirtear cosc ar Pháirtí comhlíonadh ceanglais chun táirgeadh a lonnú, seirbhís a sholáthar, oiliúint a chur ar oibrithe nó iad a fhostú, saoráidí áirithe a thógáil nó a fhairsingiú, nó taighde agus forbairt a dhéanamh ina chríoch ag infheisteoir de chuid Páirtí nó tríú tír, a chur mar choinníoll chun buntáiste a fháil nó leanúint de bhuntáiste a fháil, i ndáil le hinstitiúidí airgeadais a bhunú nó a oibriú ina chríoch.

4. Ní bheidh feidhm ag fomhír (f) de mhír 1 más rud é:

(a) nuair a údaraíonn Páirtí ceart maoine intleachtúla a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 31 nó 31*bis* de Chomhaontú TRIPS, nó nuair a ghlacann nó nuair a chothaíonn sé bearta lena ndéantar den riachtanas é go nochtar sonraí nó faisnéis dílseánaigh a thagann faoi raon feidhme mhír 3 d'Airteagal 39 de Chomhaontú TRIPS agus atá comhsheasmhach léi; nó

(b) déanann cúirt, binse riaracháin nó údarás iomaíochta an ceanglas a fhorchur nó an gealltanas nó an gnóthas a chur i bhfeidhm chun cleachtas a leigheas a chinntear tar éis próiseas breithiúnach nó riaracháin a bheith ina shárú ar dhlí iomaíochta a n Pháirtí.

5. Níl feidhm ag fomhíreanna (a), (b) ná (c) de mhír 1 ná ag pointí (a) ná (b) de mhír 2 maidir le ceanglais cháilíochta le haghaidh earraí nó seirbhísí i ndáil le rannpháirtíocht i gcláir chun onnmhairiú a spreagadh ná i gcláir um chúnamh eachtrach.

6. Níl feidhm ag fomhíreanna (a) ná (b) de mhír 2 maidir le ceanglais arna bhforchur ag Páirtí is allmhaireoir maidir leis an ábhar nach mór a bheith le fáil in earra chun go gcáileoidh sé le haghaidh taraifí fabhracha nó cuótaí fabhracha.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí cead a thabhairt seirbhís ar leith a sholáthar ar bhonn trasteorann i gcás ina nglacfaidh nó ina gcothóidh an Páirtí sin srianta nó toirmisc ar an soláthar seirbhísí sin a bheidh i gcomhréir leis na forchoimeádais, na coinníollacha nó na cáilíochtaí a shonraítear maidir le hearnáil, fo-earnáil nó gníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn 25.

8. Tá an tAirteagal seo gan dochar do ghealltanais a rinne Páirtí faoi Chomhaontú EDT.

Airteagal 25.10

Bearta neamh-chomhréireacha

1. Ní feidhm ag Airteagail 25.3, 25.5, 25.7, 25.8 ná 25.9 maidir le:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana a gcoinníonn aon cheann de na comhlachtaí seo a leanas ar bun é:

(i) i gcás an Pháirtí AE:

(A) an tAontas Eorpach, mar a leagtar amach i Roinn C d'Fhoscríbhinn 25-1;

(B) rialtas láir Ballstáit, mar a leagtar amach i Roinn C d'Fhoscríbhinn 25-1;

(C) leibhéal réigiúnach rialtais Ballstáit, mar a leagtar amach i Roinn C d'Fhoscríbhinn 25-1; nó

(D) leibhéal áitiúil rialtais; agus

(ii) i gcás na Sile:

(A) an rialtas láir, mar a leagtar amach i Roinn C d'Fhoscríbhinn 25-2;

(B) leibhéal réigiúnach rialtais, mar a leagtar amach i Roinn C d'Fhoscríbhinn 25-2; nó

(C) leibhéal áitiúil rialtais;

(b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo, nó athnuachan pras birt neamh-chomhréirigh; nó

(c) modhnú ar bheart neamh-chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) den mhír seo a mhéid nach laghdaíonn an leasú comhréireacht an bhirt, mar a bhí sé ann díreach roimh an modhnú, le hAirteagail 25.3, 25.5, 25.7, 25.8 ná 25.9.

2. Níl feidhm ag Airteagail 25.3, 25.5, 25.7, 25.8 agus 25.9 maidir le haon bheart de chuid Páirtí i ndáil le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí, mar a leagann an Páirtí sin amach i Roinn D d'Fhoscríbhinní 25-1 agus 25-2, faoi seach.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí, faoi aon bheart arna ghlacadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chumhdaítear le Roinn D d'Fhoscríbhinn 25-1 nó 25-2, a cheangal ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, mar gheall ar a náisiúntacht, a institiúid airgeadais atá ann cheana tráth a dtiocfaidh an beart i bhfeidhm a dhíol nó fáil réidh léi ar shlí eile.

4. Níl feidhm ag Airteagal 25.6 maidir le haon bheart de chuid Páirtí i ndáil le hearnálacha, fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí, mar a leagann an Páirtí sin amach i Roinn B d'Fhoscríbhinn 25-1 nó 25-2.

5. I gcás ina bhfuil forchoimeádas leagtha amach ag Páirtí maidir le hAirteagal 17.9, 17.11, 17.12, 17.13, 18.4 nó 18.5 in Iarscríbhinn 17-A nó 17-B, is forchoimeádas é an forchoimeádas sin freisin maidir le hAirteagal 25.3, 25.5, 25.7, 25.8 nó 25.9, de réir mar a bheidh, a mhéid a chumhdaítear leis an gCaibidil seo an beart, an earnáil, an fho-earnáil nó an ghníomhaíocht a leagtar amach san fhorchoimeádas.

Airteagal 25.11

Eisceacht stuamachta

1. Ní choiscfidh aon ní sa Chomhaontú seo Páirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta, amhail:

(a) chun infheisteoirí, taisceoirí, sealbhóirí polasaí nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach ar sholáthróir seirbhísí airgeadais acu a chosaint; nó

(b) sláine agus cobhsaíocht chóras airgeadais Páirtí a áirithiú.

2. I gcás nach mbeidh na bearta sin i gcomhréir le forálacha na Coda seo den Chomhaontú seo, ní úsáidfear iad chun gealltanais nó oibleagáidí an Pháirtí faoin gCuid seo den Chomhaontú seo a sheachaint.

Airteagal 25.12

An fhaisnéis a láimhseáil

Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí faisnéis a nochtadh a bhaineann le gnóthaí agus cuntais custaiméirí aonair nó aon fhaisnéis rúnda nó dílseánaigh atá i seilbh eintitis phoiblí.

Airteagal 25.13

Rialáil intíre agus trédhearcacht

1. Níl feidhm ag Caibidil 20, cé is moite d'fhomhíreanna (c) go (f) d'Airteagal 20.1(5), ná ag Caibidil 36 maidir le bearta de chuid Páirtí a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo.

2. A mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena chóras dlí chun bearta a ghlacadh, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) na nithe seo a leanas a fhoilsiú roimh ré:

(i) na dlíthe agus na rialacháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu, dlíthe agus rialacháin a bheartaíonn sé a ghlacadh i ndáil le hábhair a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo; nó

(ii) doiciméid inar leor na sonraí a thugtar maidir le dlíthe nó rialacháin féideartha nua den sórt sin, chun deis a thabhairt do dhaoine leasmhara agus do Pháirtí eile a mheas an bhféadfaí difear suntasach a dhéanamh dá leasanna agus conas a dhéanfaí difear suntasach dóibh;

(b) deis réasúnach a thabhairt do dhaoine leasmhara agus don Pháirtí eile barúlacha a chur isteach maidir le haon dlíthe agus rialacháin nó doiciméid atá beartaithe arna bhfoilsiú de bhun fhomhír (a);

(c) aon bharúlacha a chuirfear isteach i gcomhréir le fomhír (b) a bhreithniú; agus

(d) tréimhse réasúnach ama a cheadú idir foilsiú aon dlíthe agus rialachán de bhun fhomhír (a)(i) agus an dáta nach mór do sholáthróirí seirbhíse airgeadais iad a chomhlíonadh.

3. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le bearta de chuid Páirtí a bhaineann le ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta ceadúnúcháin agus ceanglais cháilíochta agus nósanna imeachta cáilíochta, agus níl feidhm aige ach amháin in earnálacha a bhfuil gealltanais shonracha tugtha ag an bPáirtí ina leith faoin gCaibidil seo, agus a mhéid atá feidhm ag na gealltanais shonracha sin.

4. Má ghlacann nó má choinníonn Páirtí bearta ar bun a bhaineann leis an údarú le seirbhís airgeadais a sholáthar, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil na bearta sin bunaithe ar chritéir atá oibiachtúil agus trédhearcach ([85]);

(b) go bhfuil na nósanna imeachta údarúcháin neamhchlaonta, agus leordhóthanach chun a léiriú an gcomhlíonann siad na ceanglais, más ann do cheanglais den sórt sin; agus

(c) nach gcuireann na nósanna imeachta údarúcháin iontu féin cosc dochosanta ar chomhlíonadh na gceanglas.

5. Má éilíonn Páirtí údarú ([86]) chun seirbhísí airgeadais a sholáthar, déanfaidh sé an fhaisnéis is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le húdarú den sórt sin a fháil, a choinneáil ar bun, a leasú agus a athnuachan a fhoilsiú go pras nó a chur ar fáil go poiblí ar shlí eile. Áireofar ar an bhfaisnéis sin, *inter alia*, a mhéid atá sí ar fáil:

(a) na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir leis an údarú sin a fháil, a choinneáil ar bun, a leasú agus a athnuachan;

(b) sonraí teagmhála na n-údarás inniúil ábhartha;

(c) nósanna imeachta maidir le hachomharc nó athbhreithniú ar bhreitheanna a bhaineann le hiarratais;

(d) nósanna imeachta um fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas agus na gcáilíochtaí; agus

(e) deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, amhail trí éisteachtaí nó tuairimí a thabhairt.

([85]) Féadfar a áireamh ar na critéir sin, *inter alia*, inniúlacht agus an cumas seirbhís a sholáthar, lena n-áirítear an cumas é sin a dhéanamh ar bhealach atá comhsheasmhach le ceanglais rialála Páirtí. Féadfaidh na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tábhacht atá le tabhairt do gach critéar.

([86]) Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'údarú' an cead chun seirbhís airgeadais a sholáthar, ar toradh é ar nós imeachta nach mór d'iarratasóir cloí leis chun a thaispeáint go gcomhlíontar ceanglais cheadúnúcháin, nó ceanglais cháilíochta.

6. Má éilíonn Páirtí údarú chun seirbhís airgeadais a sholáthar, déanfaidh údaráis inniúla an Pháirtí sin an méid seo a leanas:

(a) a mhéid is indéanta, ceadóidh siad d'iarratasóir iarratas a chur isteach tráth ar bith i rith na bliana ([87]);

(b) fágfaidh siad tréimhse réasúnta ama chun iarratas a chur isteach más ann do thréimhsí sonracha ama le haghaidh iarratas;

(c) tús a chur le próiseáil an iarratais gan moill mhíchuí;

(d) féachaint le glacadh le hiarratais i bhformáid leictreonach faoi na coinníollacha barántúlachta céanna le hiarratais a chuirtear isteach ar pháipéar; agus

(e) glacfaidh siad le cóipeanna de dhoiciméid a fhíordheimhnítear de réir dhlí an Pháirtí in ionad doiciméad bunaidh, mura rud é go n-éilíonn siad doiciméid bhunaidh chun sláine an phróisis údaraithe a chosaint.

7. Féachfaidh gach Páirtí leis na nósanna imeachta agus foirmiúlachtaí údaraithe a dhéanamh chomh simplí agus is féidir agus ní chuirfidh sé castacht ná moill mhíchuí ar sholáthar na seirbhíse.

8. Féachfaidh gach Páirtí leis an amchlár táscach a bhunú chun iarratas a phróiseáil agus, arna iarraidh sin don iarratasóir agus gan moill mhíchuí, soláthróidh sé faisnéis maidir le stádas an iarratais.

9. Má mheasann údarás inniúil go bhfuil iarratas neamhiomlán lena phróiseáil faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí, déanfaidh sé an méid seo a leanas laistigh de thréimhse réasúnta agus a mhéid is indéanta:

(a) a chur in iúl don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán;

(b) arna iarraidh sin don iarratasóir, sainaithint a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú nó, seachas sin, treoir a thabhairt maidir leis an gcúis a meastar an t-iarratas a bheith neamhiomlán; agus

(c) tabharfaidh sé deis ([88]) don iarratasóir an fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar chun an t-iarratas a chomhlánú.

10. Mura bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí a leagtar amach i bhfomhír (a), (b) nó (c) de mhír 9 indéanta, má dhiúltaítear don iarratas mar gheall ar é bheith neamhiomlán, áiritheoidh na húdaráis inniúla mar sin féin go gcuireann siad an t-iarratasóir ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta ama.

11. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis inniúil, maidir le táillí údaraithe ([89]) a ghearrann siad, sceideal táillí nó faisnéise a chur ar fáil d'iarratasóirí i dtaobh conas a chinntear méideanna na dtáillí, agus nach n-úsáidfidh siad na táillí mar mhodh chun gealltanais nó oibleagáidí an Pháirtí a sheachaint.

12. Glacfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh ar bhealach neamhspleách agus ní bheidh sé cuntasach d'aon duine a sholáthraíonn na seirbhísí a bhfuil an ceadúnas nó an t-údarú ag teastáil ina leith.

13. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar i gcrích próiseáil iarratais, lena n-áirítear teacht ar chinneadh críochnaitheach, laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis an dáta a gcuirfear isteach iarratas iomlán, agus go gcuirfear an cinneadh maidir leis an iarratas in iúl don iarratasóir, a mhéid is indéanta i scríbhinn.

14. Má dhiúltaíonn an t-údarás inniúil d'iarratas, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas, arna iarraidh sin dó féin nó ar thionscnamh an údaráis inniúil, i scríbhinn agus gan moill mhíchuí. A mhéid is féidir, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis na cúiseanna leis an gcinneadh diúltú don iarratas agus maidir leis an tréimhse ama le haghaidh achomharc i gcoinne an chinnidh sin. Ba cheart a cheadú d'iarratasóir, laistigh de theorainneacha ama réasúnacha, iarratas a chur isteach arís.

15. Má éilítear scrúduithe le haghaidh údarú, áiritheoidh an t-údarás inniúil go n-eagrófar na scrúduithe sin ag eatraimh réasúnta minic agus soláthróidh sé tréimhse réasúnta ama chun a chumasú d'iarratasóirí a iarraidh go ndéanfar an scrúdú.

([87]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cheanglaítear ar údaráis inniúla tosú ar iarratais a bhreithniú lasmuigh dá n-uaireanta oibre oifigiúla ná laethanta oibre.

([88]) Ní rud é an deis sin a chuireann ceangal ar údarás inniúil síneadh a chur leis na sprioc-amanna.

([89]) Ní áirítear sna táillí údaraithe táillí i gcomhair úsáid acmhainní nádúrtha, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná ranníocaíochtaí sainordaithe chun seirbhís uilíoch a sholáthar.

16. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh éifeacht le húdarú, a luaithe a dheonófar é, gan moill mhíchuí agus i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a shonraítear ann.

Airteagal 25.14

Seirbhísí airgeadais ar nuatheachtaithe iad i gcríoch Páirtí

1. Ceadóidh Páirtí d'institiúid airgeadais de chuid an Pháirtí eile, seachas brainse, aon seirbhís airgeadais nua a sholáthar a cheadódh an chéad Pháirtí dá institiúidí airgeadais féin a sholáthar de réir a dhlí féin i gcásanna comhchosúla, ar choinníoll nach gá dlíthe nó rialacháin nua a ghlacadh ná dlíthe nó rialacháin atá ann cheana a leasú chun na seirbhísí airgeadais nua a thabhairt isteach.

2. Féadfaidh Páirtí an fhoirm institiúideach agus an fhoirm dhlítheanach a chinneadh trína bhféadfar an tseirbhís airgeadais nua a sholáthar agus féadfaidh sé a cheangal go mbeidh údarú de dhíth chun an tseirbhís a sholáthar. Má tá údarú den sórt sin de dhíth, déanfar cinneadh laistigh de thréimhse réasúnach ama agus ní dhiúltófar an t-údarú ach amháin ar chúiseanna stuamachta.

3. Leis an Airteagal seo, ní chuirtear cosc ar institiúid airgeadais de chuid Páirtí iarratas a dhéanamh chuig an bPáirtí eile lena n-iarrtar air breithniú a dhéanamh ar údarú a thabhairt do sholáthar seirbhíse airgeadais nach soláthraítear laistigh de chríoch ceachtar Páirtí. Tá iarratas den sórt sin faoi réir dhlí an Pháirtí a gheobhaidh an t-iarratas agus níl sé faoi réir oibleagáidí an Airteagail seo.

Airteagal 25.15

Eagraíochtaí féinrialála

I gcás ina gceanglóidh Páirtí ar institiúid airgeadais nó ar sholáthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a bheith ina comhalta d'eagraíocht féinrialála, nó a bheith rannpháirteach inti nó rochtain a bheith aici uirthi, chun seirbhís airgeadais a sholáthar i gcríoch an chéad Pháirtí nó isteach inti, áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh an eagraíocht féinrialála na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 17.9, 17.11, 18.4 agus 18.5.

Airteagal 25.16

Córais íocaíochta agus imréitigh

Faoi théarmaí agus coinníollacha lena dtugtar Cóir náisiúnta, tabharfaidh gach Páirtí rochtain d'institiúidí airgeadais an Pháirtí eile atá bunaithe ina chríoch rochtain ar chórais íocaíochta agus imréitigh atá á n-oibriú ag eintitis phoiblí, agus ar shaoráidí oifigiúla cistiúcháin agus athmhaoiniúcháin atá ar fáil i ngnáthchúrsa an ghnáthghnó. Ní thugtar leis an Airteagal seo rochtain d'iasachtóir na rogha deiridh ar shaoráidí an Pháirtí.

Airteagal 25.17

An Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais

1. Beidh an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais ('Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe atá freagrach as seirbhísí airgeadais.

2. Déanfaidh an Fochoiste:

(a) maoirsiú ar chur chun feidhme na Caibidle seo;

(b) saincheisteanna a mheas a bhaineann le seirbhísí airgeadais a tharchuireann Páirtí chuige;

(c) idirphlé a dhéanamh maidir le rialáil earnáil na seirbhísí airgeadais d'fhonn feabhas a chur ar an eolas frithpháirteach ar chórais rialála na bPáirtithe faoi seach agus comhoibriú chun caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt; agus

(d) páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta um réiteach díospóidí i gcomhréir le hAirteagal 25.20.

Airteagal 25.18

Idirphlé teicniúil agus comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí pléití teicniúla agus comhairliúcháin theicniúla a iarraidh leis an bPáirtí eile maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gCuid seo den Chomhaontú seo agus a dhéanann difear do sheirbhísí airgeadais. Déanfaidh an Páirtí eile an iarraidh sin a mheas go báúil. Déanfaidh na Páirtithe torthaí a bpléití agus a gcomhairliúchán a thuairisciú don Fhochoiste.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, sna pléití agus sna comhairliúcháin theicniúla sin, go n-áireoidh a thoscaireacht oifigigh a bhfuil an saineolas ábhartha acu ar sheirbhísí airgeadais.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a chuireann ceangal ar Pháirtí:

(a) maolú ar a dhlíthe agus a rialacháin ábhartha maidir le faisnéis a roinnt i measc rialálaithe airgeadais nó ar cheanglais comhaontaithe nó socraithe idir údaráis airgeadais na bPáirtithe; nó

(b) ceangal a chur ar údaráis rialála aon ghníomh a dhéanamh a chuirfeadh isteach ar chúrsaí sonracha rialála, maoirseachta, riaracháin nó forfheidhmiúcháin.

4. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a chuireann bac ar Pháirtí a éilíonn faisnéis chun críoch maoirseachta a bhaineann le hinstitiúid airgeadais atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile nó le soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile ó dhul i dteagmháil le húdarás rialála inniúil an Pháirtí eile chun an fhaisnéis a lorg.

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoi Chaibidil 38.

Airteagal 25.19

Réiteach Díospóidí

1. Tá feidhm ag Caibidil 38, lena n-áirítear Iarscríbhinní 38-A agus 38-B, arna modhnú leis an Airteagal seo maidir le réiteach díospóidí a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú na Caibidle seo.

2. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 38.9, beidh saineolas nó taithí ag painéalaithe i ndlí nó i gcleachtas na seirbhísí airgeadais, lena bhféadfaí rialáil institiúidí airgeadais a áireamh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

3. Molfaidh an Fochoiste don Chomhchoiste liosta a bhunú de 15 dhuine aonair ar a laghad, daoine aonair a chomhlíonfaidh na ceanglais dá dtagraítear i mír 2, agus a bheidh toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar phainéalaithe. Bunóidh an Comhchoiste an liosta sin tráth nach déanaí ná bliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Beidh trí fholiosta sa liosta:

(a) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón bPáirtí AE;

(b) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón tSile; agus

(c) foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal.

4. Áireofar ar a laghad cúig dhuine aonair ar gach foliosta. Áiritheoidh an Comhchoiste go mbeidh an líon íosta sin de dhaoine ar an liosta i gcónaí.

5. Chun críocha na Caibidle seo, cuirfear an liosta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo in ionad an liosta a bunaíodh de bhun Airteagal 38.8(1) tar éis a bhunaithe.

Airteagal 25.20

Díospóidí infheistíochta a bhaineann le seirbhísí airgeadais a réiteach

1. Tá feidhm ag Roinn D de Chaibidil 17, arna modhnú leis an Airteagal seo, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) díospóidí infheistíochta a bhaineann le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí a bhaineann le hinfheisteoirí agus lena n-infheistíochtaí in institiúidí airgeadais, díospóidí a bhfuil feidhm ag an gCuid seo den Chomhaontú seo maidir leo agus ina n-éilíonn infheisteoir go bhfuil Airteagal 25.3(2), 25.5(2), Airteagal 17.17, 17.18, 17.19 nó 17.20 sáraithe ag Páirtí; nó

(b) díospóidí infheistíochta a tionscnaíodh de bhun Chaibidil 17 inar agraíodh Airteagal 25.11.

2. I gcás díospóid infheistíochta de bhun fhomhír (a) de mhír 1 den Airteagal seo, nó má agraíonn an freagróir Airteagal 25.11 de bhun fhomhír (b) de mhír 1 den Airteagal seo laistigh de 60 lá tar éis éileamh a bheith curtha faoi bhráid an Bhinse i gcomhréir le hAirteagal 17.30, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe sa díospóid agus de bhun Airteagal 17.50, féadfaidh an rannóg den Bhinse a éisteann an cás saineolaí amháin nó níos mó a cheapadh ón liosta arna ghlacadh de bhun Airteagal 25.19 chun tuairisciú dó ar aon saincheist fhíorasach a bhaineann le hábhair seirbhísí airgeadais a thugann páirtí i ndíospóid anuas sna himeachtaí.

3. I bhfianaise a thábhachtaí atá ceart Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta, i gcás ina dtagann na bearta sin faoi raon feidhme Airteagal 25.11, beidh feidhm ag an Airteagal sin mar chosaint bhailí ar éileamh atá bunaithe ar aon cheann d'fhorálacha eile na Coda seo den Chomhaontú seo, lena n-áirítear Airteagal 17.17. Tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 17.27, féadfaidh an freagróir tarchur a dhéanamh, i scríbhinn, chuig an bhFochoiste á iarraidh air cinneadh an bhfuil údar leis an mbeart is ábhar don iarraidh ar chomhairliúcháin faoi Airteagal 25.11, agus má tá, a mhéid atá údar leis. Déanfar tarchur den sórt sin chuig an bhFochoiste a luaithe is féidir tar éis an iarraidh ar chomhairliúcháin a fháil. Ar tharchur den sórt sin, cuirfear ar fionraí na tréimhsí ama dá dtagraítear in Airteagail 17.27, 17.28 agus 17.30.

4. Tar éis tarchuir de bhun mhír 3, féachfaidh an Fochoiste, de mheon macánta, le cinneadh a dhéanamh. Déanfar aon chinneadh den sórt sin a tharchur go pras chuig na páirtithe díospóideacha.

5. A mhéid a chinnfidh an Fochoiste go bhfuil údar maith leis an mbeart faoi Airteagal 25.11, ní chuirfear aon éileamh faoi bhráid an Bhinse de bhun Airteagal 17.30.

6. Mura mbeidh cinneadh déanta ag an bhFochoiste laistigh de thrí mhí tar éis an tarchuir de bhun mhír 3 den Airteagal seo, scoirfidh fionraí na dtréimhsí ama dá dtagraítear sa mhír sin d'fheidhm a bheith aige.

7. Mura ndéanfaidh an freagróir tarchur de bhun mhír 3 den Airteagal seo, beidh sé sin gan dochar do cheart an fhreagróra Airteagal 25.11 a ghairm mar chosaint ag céim níos déanaí de na himeachtaí. Ní bhainfidh an Binse aon tátal dochrach as gan cinneadh a bheith comhaontaithe ag an bhFochoiste.

CAIBIDIL 26

TRÁDÁIL DHIGITEACH

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 26.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le trádáil a chumasaítear ar bhealaí leictreonacha.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le seirbhísí closamhairc.

Airteagal 26.2

Sainmhínithe

1. Tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagail 17.2 agus 18.2 maidir leis an gCaibidil seo.

2. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'tomhaltóir' aon duine nádúrtha, nó aon duine dlítheanach má fhoráiltear dó i ndlíthe agus i rialacháin Páirtí, a úsáideann nó a iarrann seirbhís teileachumarsáide poiblí chun críocha atá lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó nó dá ghairm;

(b) ciallaíonn 'cumarsáid maidir le margaíocht dhíreach' aon chineál fógraíochta tráchtála trína ndéanann duine nádúrtha nó dlítheanach teachtaireachtaí margaíochta a chur in iúl go díreach d'úsáideoirí deiridh trí bhíthin seirbhís teileachumarsáide poiblí agus chumhdaítear léi ar a laghad teachtaireachtaí téacs agus ilmheán;

(c) ciallaíonn 'fíordheimhniú leictreonach' próiseas lena gcumasaítear deimhniú na nithe seo a leanas:

(i) sainaithint leictreonach duine nádúrtha nó dlítheanach a shainaithint; nó

(ii) foinse agus sláine sonraí i bhfoirm leictreonach;

(d) ciallaíonn 'ríomhshéala' sonraí i bhfoirm leictreonach, a mbaineann duine dlítheanach úsáid astu, atá ceangailte de shonraí eile i bhfoirm leictreonach, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo, chun foinse agus sláine na sonraí eile sin a áirithiú;

(e) ciallaíonn 'ríomhshíniú' sonraí i bhfoirm leictreonach atá ceangailte de shonraí i bhfoirm leictreonach eile, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo, agus a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(i) úsáideann duine nádúrtha é chun comhaontú ar na sonraí i bhfoirm leictreonach lena mbaineann sé; agus

(ii) tá sé nasctha leis na sonraí i bhfoirm leictreonach lena mbaineann sé ar shlí gur féidir aon athrú a dhéanfar ar na sonraí i bhfoirm leictreonach ina dhiaidh sin a bhraith;

(f) ciallaíonn 'seirbhísí iontaoibhe leictreonacha' seirbhís leictreonach arb é atá inti ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama, ríomhsheachadadh cláraithe, fíordheimhniú láithreán gréasáin agus deimhnithe a bhaineann leis an tseirbhís sin a chruthú, a fhíorú agus a bhailíochtú;

(g) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a úsáideann nó a iarrann seirbhís teileachumarsáide poiblí, mar thomhaltóir nó, má fhoráiltear dó sin i ndlíthe agus i rialacháin Páirtí, chun críoch trádála, gnó nó gairmiúil;

(h) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' sonraí pearsanta mar a shainmhínítear i bhfomhír (r) d'Airteagal 8.3; agus

(i) ciallaíonn 'seirbhís teileachumarsáide poiblí' seirbhís teileachumarsáide poiblí mar a shainmhínítear i bhfomhír (j) d'Airteagal 23.2.

Airteagal 26.3

An ceart chun rialála

Athdheimhníonn na Páirtithe an ceart chun rialú a dhéanamh laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar shampla sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas, sábháilteacht, an comhshaol, lena n-áirítear athrú aeráide, agus an mhoráltacht phoiblí a chosaint, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideacht agus cosaint sonraí nó éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint.

Airteagal 26.4

Eisceachtaí

Ní choisceann aon ní sa Chaibidil seo ar na Páirtithe bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagail 25.11, 39.1 agus 39.2 ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail a leagtar amach inti.

ROINN B

SREAFAÍ SONRAÍ AGUS COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

Airteagal 26.5

Sreafaí sonraí trasteorann

Tá na Páirtithe tiomanta sreabha sonraí trasteorann a áirithiú chun trádáil dhigiteach a éascú. Chuige sin, ní chuirfidh Páirtí srian ar shreafaí sonraí trasteorann idir na Páirtithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a cheangal go n-úsáidfear saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonra i gcríoch an Pháirtí sin lena bpróiseáil, lena n-áirítear trí úsáid saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonra a fhorchur atá deimhnithe nó ceadaithe i gcríoch Páirtí;

(b) a cheangal go ndéanfar sonraí a logánú ar chríoch an Pháirtí sin lena stóráil nó lena bpróiseáil;

(c) stóráil nó próiseáil i gcríoch an Pháirtí eile a thoirmeasc; nó

(d) aistriú trasteorann sonraí a dhéanamh ag brath ar úsáid saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonra i gcríoch an Pháirtí sin nó ar cheanglais logánaithe i gcríoch an Pháirtí sin.

Airteagal 26.6

Sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint

1. Aithníonn gach Páirtí gur ceart bunúsach í cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais agus go gcuireann ardchaighdeáin maidir leis sin le muinín sa gheilleagar digiteach agus le forbairt trádála.

2. Féadfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh agus a choinneáil ar bun ar bearta iad a mheasann sé a bheith iomchuí chun cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachta a áirithiú, lena n-áirítear rialacha a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm maidir le sonraí pearsanta a aistriú ar bhonn trasteorann. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú seo difear do chosaint sonraí pearsanta agus príobháideachta a thugtar le bearta Páirtí.

ROINN C

FORÁLACHA SONRACHA

Airteagal 26.7

Dleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha

Ní fhorchuirfidh Páirtí dleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha idir duine den Pháirtí sin agus duine den Pháirtí eile.

Airteagal 26.8

Gan réamhúdarú

1. Ní éileoidh Páirtí réamhúdarú ar an bhforas amháin go soláthraítear seirbhís ar líne ([90]), ná ní dhéanfaidh sé aon cheanglas eile a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.

2. Ní feidhm ag mír 1 maidir le seirbhísí teileachumarsáide, seirbhísí craolacháin, seirbhísí cearrbhachais, seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla nó seirbhísí nótairí nó gairmeacha comhchosúla a mhéid a bhaineann siad le nasc díreach sonrach le feidhmiú údaráis phoiblí.

Airteagal 26.9

Conarthaí a thabhairt i gcrích trí mheán leictreonach

1. Áiritheoidh gach Páirtí go gceadófar lena dhlíthe agus lena rialacháin conarthaí a thabhairt i gcrích trí mheán leictreonach agus nach gcruthóidh na ceanglais dhlíthiúla maidir le próisis chonarthacha bacainní ar úsáid conarthaí a thugtar i gcrích trí mheán leictreonach ná nach mbeidh éifeacht dhlíthiúil ná bailíocht dhlíthiúil ag baint de na conarthaí sin mar gheall ar a dtabhairt i gcrích trí mheán leictreonach.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) seirbhísí craolacháin, seirbhísí cearrbhachais agus seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla;

(b) seirbhísí nótairí nó gairmeacha comhchosúla a bhaineann le nasc díreach sonrach le feidhmiú údaráis phoiblí; agus

(c) conarthaí lena mbunaítear nó lena n-aistrítear cearta i réadmhaoin, conarthaí lena gceanglaítear, de réir an dlí, rannpháirteachas cúirteanna, údarás poiblí nó gairmeacha a fheidhmíonn údarás poiblí, conarthaí urraíochta arna ndeonú agus urrúis chomhthaobhacha arna dtabhairt ag daoine atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh dá dtrádáil, dá ngnó nó dá ngairm, agus conarthaí a rialaítear le dlí an teaghlaigh nó le dlí an chomharbais.

Airteagal 26.10

Seirbhísí iontaoibhe leictreonacha agus fíordheimhniú leictreonach

1. Ní dhiúltóidh Páirtí éifeacht dhlíthiúil nó inghlacthacht seirbhíse leictreonaí iontaoibhe nó fíordheimhnithe leictreonaigh mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin ar an mbonn go bhfuil sí i bhfoirm leictreonach.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun:

(a) toirmeasc a chur ar pháirtithe in idirbheart an modh iomchuí um fhíordheimhniú leictreonach dá n-idirbheart a chinneadh go frithpháirteach; nó

(b) cosc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach an deis a bheith acu a chruthú d'údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin go gcomhlíonann a n-idirbheart leictreonach aon cheanglais dhlíthiúla maidir le seirbhísí iontaoibhe leictreonacha nó fíordheimhniú leictreonach.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh Páirtí a cheangal, i dtaca le catagóir áirithe idirbheart leictreonach, go ndéanfar an modh um fhíordheimhniú leictreonach nó an tseirbhís leictreonach iontaobhais an méid seo a leanas:

(a) a dheimhniú ag údarás creidiúnaithe i gcomhréir lena dhlíthe; nó

(b) go gcomhlíonann sé caighdeáin áirithe feidhmíochta a bheidh oibiachtúil, trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus nach mbainfidh sé ach le saintréithe sonracha na catagóire idirbheart leictreonach lena mbaineann.

([90]) Cuirtear seirbhís ar fáil ar líne nuair a chuirtear ar fáil í go leictreonach agus gan na daoine a bheith i láthair ag an am céanna.

Airteagal 26.11

Muinín tomhaltóirí ar líne

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhar maidir le feabhas a chur ar mhuinín tomhaltóirí sa trádáil dhigiteach. Déanfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena áirithiú go dtabharfar cosaint éifeachtach do thomhaltóirí a bhíonn ag gabháil d'idirbhearta ríomhthráchtála, lena n-áirítear bearta lena ndéantar an méid seo a leanas:

(a) cleachtais mhealltacha agus cleachtais chalaoiseacha a thoirmeasc;

(b) a cheangal ar sholáthróirí earraí agus seirbhísí feidhmiú de mheon maith agus cloí le cleachtais chothroma tráchtála, lena n-áirítear trí thoirmeasc a chur ar phraghas a ghearradh ar thomhaltóirí i leith earraí agus seirbhísí nár iarradh;

(c) a cheangal ar sholáthróirí earraí nó seirbhísí faisnéis shoiléir chríochnúil a sholáthar do thomhaltóirí maidir lena gcéannacht agus a sonraí teagmhála ([91]), agus maidir leis na hearraí nó seirbhísí, an t-idirbheart agus na cearta tomhaltóirí is infheidhme; agus

(d) rochtain a dheonú do thomhaltóirí ar shásamh chun a gcearta a éileamh, lena n-áirítear ceart chun leigheasanna i gcásanna ina n-íoctar as earraí agus seirbhísí agus nach ndéantar iad a sheachadadh nó a sholáthar de réir mar a aontaíodh.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhar idir a ngníomhaireachtaí náisiúnta cosanta tomhaltóirí, nó comhlachtaí ábhartha eile, faoi seach maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le ríomhthráchtáil chun muinín tomhaltóirí a fheabhsú.

Airteagal 26.12

Cumarsáid maidir le margaíocht dhíreach gan iarraidh

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar cosaint éifeachtach d'úsáideoirí deiridh ar chumarsáidí maidir le margaíocht dhíreach gan iarraidh.

2. Déanfaidh gach Páirtí bearta éifeachtacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le cumarsáid maidir le margaíocht dhíreach gan iarraidh:

(a) a cheangal ar sholáthróirí cumarsáide maidir le margaíocht dhíreach gan iarraidh a áirithiú go mbeidh faighteoirí in ann cosc a chur ar fháil leanúnach na cumarsáide sin; nó

(b) toiliú faighteoirí a cheangal, mar a shonraítear de réir a dhlíthe agus a rialachán, chun cumarsáidí maidir le margaíocht dhíreach a fháil.

3. Áiritheoidh gach Páirtí gur féidir cumarsáidí maidir le margaíocht dhíreach a aithint go soiléir, go nochtfar leo cé dó a ndéantar iad agus go mbeidh iontu an fhaisnéis is gá chun é a chur ar a chumas d'úsáideoirí deiridh scor a iarraidh saor in aisce agus tráth ar bith.

Airteagal 26.13

Toirmeasc ar aistriú éigeantach nó rochtain éigeantach ar chód foinseach

1. Ní dhéanfaidh Páirtí ceanglas maidir le haistriú cóid foinse bogearraí, ná rochtain air, atá in úinéireacht ag duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid an Pháirtí eile. Níl feidhm ag an mír seo maidir le haistriú deonach cóid foinse, nó rochtain a dheonú air, ar bhonn tráchtála ag duine den Pháirtí eile, mar shampla i gcomhthéacs idirbheart soláthair phoiblí nó conartha a chaibidlítear go neamhshrianta. Ní choisceann aon ní sa mhír seo ar dhuine de chuid Páirtí a bhogearraí a cheadúnú ar bhonn saor in aisce agus foinse oscailte.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh feidhm a bheith ag Airteagail 25.11, 39.1 agus 39.2 maidir le bearta de chuid Páirtí arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun i gcomhthéacs nós imeachta deimhniúcháin.

([91]) I gcás soláthróirí seirbhíse idirghabhálacha, áirítear freisin céannacht agus sonraí teagmhála sholáthróir iarbhír an earra nó na seirbhíse mar chéannacht agus sonraí teagmhála.

3. Ní dhéanfaidh aon ní dá bhfuil san Airteagal seo difear:

(a) do cheanglas a dhéanann cúirt, binse riaracháin nó údarás iomaíochta chun sárú ar dhlí na hiomaíochta a leigheas;

(b) cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú; nó

(c) ceart Páirtí bearta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 28.3.

Airteagal 26.14

Comhar maidir le saincheisteanna rialála i ndáil le trádáil dhigiteach

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile trí fhaisnéis a mhalartú maidir lena ndlí féin, agus maidir le cur chun feidhme an dlí sin, a bhaineann le saincheisteanna rialála a eascraíonn as an trádáil dhigiteach, lena n-áirítear:

(a) iontaoibh agus fíordheimhniú leictreonach idir-inoibritheach trasteorann a aithint agus a éascú;

(b) láimhseáil cumarsáidí maidir le margaíocht dhíreach;

(c) cosaint tomhaltóirí ar líne; agus

(d) aon saincheist rialála eile maidir le trádáil dhigiteach a fhorbairt.

2. Coinneoidh na Páirtithe idirphlé ar bun bunaithe ar an malartú faisnéise dá dtagraítear i mír 1.

3. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le rialacha agus bearta Páirtí chun sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint, lena n-áirítear maidir le haistriú trasteorann sonraí pearsanta.

Airteagal 26.15

Athbhreithniú

Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht dá dtagraítear in Airteagal 18.10 athbhreithniú ar chur chun feidhme na Caibidle seo, go háirithe i bhfianaise athruithe ábhartha a dhéanfaidh difear don trádáil dhigiteach a d'fhéadfadh eascairt as samhlacha gnó nua nó as teicneolaíochtaí nua gnó. Déanfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht a thorthaí a thuairisciú agus féadfaidh sé aon mholtaí is gá a dhéanamh don Chomhchoiste.

CAIBIDIL 27

GLUAISEACHTAÍ CAIPITIL, ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISTRITHE AGUS BEARTA COIMIRCE SEALADACHA

Airteagal 27.1

Cuspóir agus raon feidhme

Is é is cuspóir don Chaibidil seo saorghluaiseacht caipitil agus íocaíochtaí a bhaineann le léirscaoileadh idirbheart faoin gCuid seo den Chomhaontú seo a chumasú ([92]).

([92]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an Chaibidil seo faoi réir Iarscríbhinn 17-E.

Airteagal 27.2

Cuntas Reatha

Gan dochar d'fhorálacha eile na Coda seo, ceadóidh gach Páirtí, in airgeadra inmhalartaithe go héasca agus i gcomhréir le hAirteagail de Chomhaontú an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, arna ghlacadh in Bretton Woods, New Hampshire an 22 Iúil 1944, aon íocaíocht agus aistriú i leith idirbheart ar chuntas reatha an chomhardaithe íocaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo.

Airteagal 27.3

Gluaiseachtaí Caipitil

Gan dochar d'fhorálacha eile na Coda seo den Chomhaontú seo, ceadóidh gach Páirtí, i dtaca le hidirbhearta ar chuntas caipitil agus airgeadais an chomhardaithe íocaíochtaí, saorghluaiseacht chaipitil chun infheistíochtaí agus idirbhearta eile a léirscaoileadh dá bhforáiltear i gCaibidlí 17, 18 agus 25.

Airteagal 27.4

Cur i bhfeidhm dlíthe agus rialachán a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe

1. Ní dhéanfar a fhorléiriú le hAirteagail 17.20, 27.2 agus 27.3 cosc a chur ar Pháirtí a dhlíthe agus a rialacháin a chur i bhfeidhm maidir leis an méid a leanas:

(a) féimheacht, dócmhainneacht nó cosaint chearta na gcreidiúnaithe;

(b) eisiúint, trádáil nó déileáil in ionstraimí airgeadais amhail urrúis, todhchaíochtaí nó díorthaigh;

(c) tuairisciú airgeadais nó taifeadadh maidir le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe, i gcás inar gá chun cuidiú le forfheidhmiú an dlí nó le húdaráis rialála airgeadais;

(d) cionta coiriúla nó pionósacha, cleachtais mheabhlacha nó chalaoiseacha;

(e) comhlíontacht le horduithe nó breithiúnais i dtaca le himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin; nó

(f) slándáil shóisialta, scéimeanna scoir nó scéimeanna coigiltis éigeantacha.

2. Cuirfear na dlíthe ná na rialacháin dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus neamh-idirdhealaitheach, agus ní ar bhealach a bheadh ina shrian faoi cheilt ar ghluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí ná aistrithe.

Airteagal 27.5

Bearta coimirce sealadacha

I gcúinsí eisceachtúla inarb ann do dheacrachtaí tromchúiseacha i dtaca le haontas eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais Eorpaigh a oibriú, nó i gcás baoil gurb ann do na deacrachtaí sin, féadfaidh an Páirtí AE bearta coimirce a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i dtaca le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe go ceann tréimhse nach faide ná sé mhí. Beidh na bearta sin teoranta a mhéid a bhfuil fíorghá leis.

Airteagal 27.6

Srianta i gcás deacrachtaí maidir le comhardú íocaíochtaí agus maoiniú seachtrach

1. Má bhíonn deacrachtaí tromchúiseacha maidir le comhardú íocaíochtaí nó maoiniú seachtrach ag Páirtí, nó má bhíonn an baol ann gurb ann dóibh, féadfaidh sé bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i dtaca le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe ([93]).

([93]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, d'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann le beartais airgeadaíochta nó le beartais ráta malairte, nó an baol ann gurb ann dóibh, i measc fachtóirí eile, a bheith ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha maidir le comhardú íocaíochtaí nó maoiniú seachtrach, nó an baol ann gurb ann dóibh.

2. Na bearta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

(a) beidh siad comhsheasmhach le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme;

(b) ní rachaidh siad thar an méid is gá chun déileáil leis an staid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(c) beidh siad sealadach agus déanfar iad a chéimniú amach de réir a chéile de réir mar a fheabhsóidh an staid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(d) seachnófar leo go ndéanfar damáiste neamhriachtanach do leasanna tráchtála, eacnamaíocha agus airgeadais an Pháirtí eile; agus

(e) beidh siad neamh-idirdhealaitheach i gcomparáid le tríú tíortha i gcúinsí comhchosúla.

3. I gcás trádáil in earraí, féadfaidh gach Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a staid sheachtrach airgeadais nó a chomhardú íocaíochtaí a choimirciú. Beidh na bearta den sórt sin i gcomhréir le GATT 1994 agus i gcomhréir leis an gComhthuiscint maidir le Forálacha an Chomhaontaithe Ghinearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a bhaineann le Comhardú Íocaíochtaí.

4. I gcás trádáil i seirbhísí, féadfaidh gach Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a staid sheachtrach airgeadais nó a chomhardú íocaíochtaí a choimirciú. Beidh na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal XII de GATS.

5. Páirtí a dhéanfaidh na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, cuirfidh sé in iúl don Pháirtí eile iad go pras.

6. Má ghlactar bearta sriantacha nó má choinnítear ar bun iad de bhun an Airteagail seo, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin go pras san Fhochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht, mura rud é go ndéanfar comhairliúcháin den sórt sin i bhfóraim eile ar comhaltaí iontu an dá Pháirtí. Leis na comhairliúcháin, déanfar measúnú ar na deacrachtaí maidir le comhardú íocaíochtaí nó maidir leis an staid airgeadais sheachtrach ba chúis leis na bearta faoi seach, ag cur san áireamh, *inter alia*, tosca amhail:

(a) cineál agus méid na ndeacrachtaí;

(b) an timpeallacht sheachtrach eacnamaíoch agus trádála; agus

(c) bearta ceartaitheacha malartacha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

7. Tabharfar aghaidh sna comhairliúcháin de bhun mhír 6 ar an gcomhlíonann na bearta sriantacha mír 1 agus mír 2. Beidh na comhairliúcháin sin bunaithe ar na torthaí ábhartha uile de chineál staidrimh nó fíorasach a thíolacfaidh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), i gcás inarb infhaighte, agus cuirfear san áireamh ina gconclúidí measúnú CAI ar chomhardú agus ar staid airgeadais sheachtrach an Pháirtí lena mbaineann.

CAIBIDIL 28

SOLÁTHAR POIBLÍ

Airteagal 28.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 28-A agus 28-B:

(a) ciallaíonn 'earraí nó seirbhísí tráchtála' earraí nó seirbhísí de chineál a dhíoltar nó a bhíonn ar díol go ginearálta sa mhargadh tráchtála le ceannaitheoirí neamhrialtasacha chun críoch neamhrialtasacha, agus arb iadsan a cheannaíonn de ghnáth iad;

(b) ciallaíonn 'seirbhís foirgníochta' seirbhís a bhfuil sé ina chuspóir aici oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach, ar cibé bealach, bunaithe ar Rannán 51 de CPC;

(c) ciallaíonn 'ceant leictreonach' próiseas atriallach a mbíonn úsáid modhanna leictreonacha i gceist leis ionas go gcuirfidh soláthróir i láthair praghsanna nua, nó luachanna nua d'eilimintí inchainníochtaithe neamhphraghais den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, nó iad araon, a mbeidh rangú nó athrangú tairiscintí ina thoradh air;

(d) ciallaíonn ‘i scríbhinn’ nó ‘scríofa’ aon léiriú i bhfocal nó in uimhreacha is féidir a léamh, a mhacasamhlú agus a chur in iúl níos déanaí; féadfar faisnéis a tharchuirtear agus a stóráiltear go leictreonach a áireamh leis;

(e) ciallaíonn ‘nós imeachta tairisceana teoranta’ modh soláthair trína ndéanann an t-eintiteas soláthair teagmháil lena rogha soláthróir nó soláthróirí;

(f) ciallaíonn ‘beart’ aon dlí, rialachán, nós imeachta, treoir riaracháin nó cleachtas, nó aon ghníomh de chuid eintiteas soláthair a bhaineann le soláthar faoi chumhdach;

(g) ciallaíonn ‘liosta ilúsáide’ liosta soláthróirí a bhfuil cinneadh déanta ag eintiteas soláthair ina leith go gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le bheith ar an liosta sin, agus go bhfuil sé beartaithe ag an eintiteas soláthair níos mó ná uair amháin a úsáid;

(h) ciallaíonn ‘fógra faoi sholáthar beartaithe’ fógra arna fhoilsiú ag eintiteas soláthair ina n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht, nó tairiscint a chur isteach, nó iad araon;

(i) ciallaíonn ‘frithláireamh’ aon choinníoll nó gealltanas lena spreagtar forbairt áitiúil nó lena gcuirtear feabhas ar chuntais comhardaithe íocaíochtaí an Pháirtí, amhail úsáid a bhaint as ábhar intíre, ceadúnú teicneolaíochta, infheistíocht, frith-thrádáil agus gníomh nó ceanglas comhchosúil;

(j) ciallaíonn ‘nós imeachta tairisceana oscailte’ modh soláthair faoinar féidir le gach soláthróir leasmhar tairiscint a chur isteach;

(k) ciallaíonn ‘eintiteas soláthair’ eintiteas a chumhdaítear faoi Roinn A, B nó C d’Iarscríbhinn 28-A nó 28-B;

(l) ciallaíonn ‘soláthróir cáilithe’ soláthróir a aithníonn eintiteas soláthair mar sholáthróir a bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhlíonta aige;

(m) ciallaíonn ‘nós imeachta roghnaitheach’ modh soláthair faoina n-iarrann an t-eintiteas soláthair ar sholáthróirí cáilithe amháin tairiscint a chur isteach;

(n) áirítear le ‘seirbhísí’ seirbhísí foirgníochta, mura sonraítear a mhalairt;

(o) ciallaíonn ‘caighdeán’ doiciméad arna cheadú ag comhlacht aitheanta lena soláthraítear, i gcomhair úsáid choiteann agus athúsáid, rialacha, treoirlínte nó saintréithe le haghaidh earraí nó seirbhísí, nó próisis agus modhanna táirgthe gaolmhara, nach bhfuil a gcomhlíonadh éigeantach; féadfar a áireamh leis freisin téarmaíocht, siombailí, ceanglais phacáistíochta, ceanglais mharcála nó ceanglais lipéadaithe de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra, seirbhís, próiseas nó modh táirgthe, nó féadfar go ndéileálfar leis an méid sin iontu, agus an méid sin amháin;

(p) ciallaíonn ‘soláthróir’ duine nó grúpa daoine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí nó a d’fhéadfadh earraí nó seirbhísí a sholáthar; agus

(q) ciallaíonn ‘sonraíocht theicniúil’ ceanglas tairisceana:

(i) lena leagtar amach na saintréithe a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(A) earraí atá le soláthar, lena n-áirítear cáilíocht, feidhmíocht, sábháilteacht agus toisí, nó na próisis agus na modhanna chun iad a tháirgeadh; nó

(B) seirbhísí atá le soláthar, lena n-áirítear cáilíocht, feidhmíocht, sábháilteacht, nó na próisis nó modhanna chun iad a sholáthar; nó

(ii) lena dtugtar aghaidh ar théarmaíocht, siombailí, ceanglais phacáistíochta, ceanglais mharcála nó ceanglais lipéadaithe, de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra nó le seirbhís.

Airteagal 28.2

Raon feidhme agus cumhdach

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon bheart a bhaineann le soláthar faoi chumhdach, cibé acu a dhéantar trí mheán leictreonach amháin é nó a dhéantar cuid de trí mheán leictreonach.

2. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'soláthar faoi chumhdach' soláthar chun críocha rialtais:

(a) earra, seirbhíse, nó aon teaglama díobh:

(i) mar a shonraítear in Iarscríbhinn 28-A nó 28-B; agus

(ii) nach soláthraítear d'fhonn é, í nó iad a dhíol nó a athdhíol ar bhonn tráchtála, ná le húsáid i ndáil le hearra nó seirbhís a tháirgeadh nó a sholáthar le haghaidh díol nó athdhíol ar bhonn tráchtála;

(b) trí aon mhodh conarthach, lena n-áirítear ceannach, léasú, cíos nó fruilcheannach, le rogha ceannaigh nó gan í;

(c) a bhfuil a luach, mar a mheastar é i gcomhréir le míreanna 6 go 8 den Airteagal seo, cothrom leis an tairseach ábhartha a shonraítear in Iarscríbhinn 28-A nó 28-B nó níos mó ná an tairseach sin, an tráth a fhoilseofar fógra i gcomhréir le hAirteagal 28.6;

(d) ag eintiteas soláthair; agus

(e) nach n-eisiatar ar shlí eile é ón gcumhdach de bhun mhír 3 den Airteagal seo nó de bhun Iarscríbhinn 28-A nó 28-B.

3. Seachas má fhoráiltear dá mhalairt in Iarscríbhinn 28-A nó 28-B, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) talamh, foirgnimh atá ann cheana nó maoin dhochorraithe eile nó na cearta ina leith a fháil nó a fháil ar cíos;

(b) comhaontuithe neamhchonarthacha nó aon chineál cúnaimh a sholáthraíonn Páirtí, lena n-áirítear comhaontuithe comhoibríocha, deontais, iasachtaí, fóirdheontais, instealltaí cothromais, ráthaíochtaí agus dreasachtaí fioscacha;

(c) soláthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fioscaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta i gcomhair institiúidí airgeadais faoi rialáil nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n-áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile;

(d) conarthaí fostaíochta poiblí;

(e) soláthar a dhéantar:

(i) go sonrach chun cúnamh idirnáisiúnta, lena n-áirítear cúnamh forbraíochta, a sholáthar;

(ii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chuid comhaontú idirnáisiúnta a bhaineann le trúpaí a lonnú nó a bhaineann le cur chun feidhme comhpháirteach tionscadail ag na tíortha is sínitheoirí; nó

(iii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chuid eagraíocht idirnáisiúnta, nó arna chistiú ag deontais, iasachtaí nó cúnamh eile idirnáisiúnta, sa chás ina mbeadh an nós imeachta nó an coinníoll is infheidhme ar neamhréir leis an gCaibidil seo; nó

(f) seirbhísí airgeadais.

4. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an soláthar uile a chumhdaítear le hIarscríbhinn 28-A nó 28-B, ina leagtar amach gealltanais gach Páirtí mar a leanas:

(a) i Roinn A d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, na heintitis rialtais láir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(b) i Roinn B d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, na heintitis rialtais foláir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(c) i Roinn C d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, gach eintiteas eile a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(d) i Roinn D d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, na hearraí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(e) i Roinn E d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, na seirbhísí, seachas seirbhísí foirgníochta, a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(f) i Roinn F d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, na seirbhísí foirgníochta a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(g) i Roinn G d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, na lamháltais oibreacha poiblí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(h) i Roinn H d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, Nótaí Ginearálta;

(i) i Roinn I d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B, na meáin trína bhfoilsíonn an Páirtí a fhógraí soláthair, a fhógraí dámhachtana, agus faisnéis eile a bhaineann lena chóras soláthair phoiblí mar a leagtar amach sa Chaibidil seo;

(j) i Roinn J d'Iarscríbhinn 28-B, an ráta comhshó atá le húsáid le haghaidh na luachanna tairsí.

5. Má cheanglaíonn eintiteas soláthair, i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach, ar dhaoine nach gcumhdaítear faoi Iarscríbhinn 28-A nó 28-B soláthar a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais áirithe, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 28.4 maidir leis na ceanglais sin.

6. Agus luach soláthair á mheas chun a fháil amach an soláthar faoi chumhdach atá ann, déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) ní roinnfidh sé soláthar ina sholáthairtí ar leithligh ná ní dhéanfaidh sé modh luachála áirithe a roghnú ná a úsáid chun luach soláthair a mheas agus é ar intinn aige é a eisiamh ina iomláine, nó cuid de a eisiamh, ó chur i bhfeidhm na Caibidle seo; agus

(b) cuirfidh sé san áireamh uasluach measta iomlán an tsoláthair thar a ré iomlán, cibé acu a dhéantar é a dhámhachtain ar sholáthróir amháin nó níos mó, agus gach cineál luacha saothair á chur san áireamh, lena n-áirítear:

(i) préimheanna, táillí, coimisiúin agus ús; agus

(ii) má dhéantar foráil leis an soláthar don fhéidearthacht roghanna a bheith ann, luach iomlán na roghanna sin.

7. Má bhíonn sé ina thoradh ar riachtanas aonair ar sholáthar go ndéantar breis is conradh amháin a dhámhachtain, nó go ndéantar conarthaí a dhámhachtain ina gcodanna leithleacha ('conarthaí athfhillteacha'), beidh ríomh an uasluacha iomláin mheasta bunaithe ar an méid a leanas:

(a) luach na gconarthaí athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse a dámhadh i rith an 12 mhí roimhe sin nó i rith bliain fhioscach roimhe sin an eintitis soláthair, arna choigeartú, más féidir, lena chur san áireamh athruithe réamh-mheasta ar chainníocht nó luach an earra nó na seirbhíse arna soláthar sa 12 mhí ina dhiaidh sin; nó

(b) luach measta na gconarthaí athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse a bheidh le dámhachtain le linn an 12 mhí i ndiaidh an chéad dámhachtana conartha nó le linn bhliain fhioscach an eintitis soláthair.

8. I gcás soláthar trí léas, cíos nó fruilcheannach earraí nó seirbhísí, nó soláthar nach bhfuil praghas iomlán sonraithe ina leith, is éard a bheidh sa bhonn luachála:

(a) i gcás conradh ar théarma seasta:

(i) más téarma 12 mhí nó níos lú atá sa chonradh, an t-uasluach measta iomlán ar feadh a ré;

(ii) má théann téarma an chonartha thar 12 mhí, an t-uasluach measta iomlán, lena n-áirítear aon luach iarmharach measta;

(b) más i leith tréimhse éiginnte atá an conradh, an tráthchuid mhíosúil mheasta arna hiolrú faoi 48;

(c) mura bhfuil sé cinnte an conradh téarma sheasta a bheidh sa chonradh, beidh feidhm ag fomhír (b).

Airteagal 28.3

Eisceachtaí slándála agus eisceachtaí ginearálta

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo lena chosc ar Pháirtí aon ghníomh a dhéanamh nó gan aon fhaisnéis a nochtadh a mheasann sé is gá ar mhaithe le cosaint a leasanna slándála fíor-riachtanacha a bhaineann le soláthar arm, armlóin nó ábhar cogaidh, nó a bhaineann le soláthar atá fíor-riachtanacha ó thaobh na slándála náisiúnta de nó chun críocha na cosanta náisiúnta.

2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir Páirtithe i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo lena chosc ar Pháirtí bearta a fhorchur nó a fhorfheidhmiú:

(a) ar bearta iad is gá chun moráltacht, ord nó sábháilteacht an phobail a chosaint;

(b) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(c) ar bearta iad is gá chun maoin intleachtúil a chosaint; nó

(d) ar bearta iad a bhaineann le hearraí nó seirbhísí ó dhaoine faoi mhíchumas, ó institiúidí daonchairdiúla nó ó shaothar príosúin.

3. Tuigeann na Páirtithe go n-áirítear i bhfomhír (b) de mhír 2 bearta comhshaoil is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint.

Airteagal 28.4

Prionsabail ghinearálta

Neamh-idirdhealú

1. I ndáil le haon bheart maidir le soláthar faoi chumhdach, déanfaidh gach Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, cóir a thabhairt, láithreach agus gan choinníoll, d'earraí agus seirbhísí de chuid an Pháirtí eile agus do sholáthróirí de chuid an Pháirtí eile a chuireann earraí nó seirbhísí ceachtar Páirtí ar fáil, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann an Páirtí eile, lena n-áirítear a eintitis soláthair, dá chuid earraí, seirbhísí agus soláthróirí féin.

2. I ndáil le haon bheart maidir le soláthar faoi chumhdach, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair:

(a) cóir is lú fabhar a chur ar sholáthróir atá bunaithe go háitiúil ná mar a chuirtear ar sholáthróir eile atá bunaithe go háitiúil ar bhonn mhéid na cleamhnachta nó na húinéireachta eachtraí; nó

(b) idirdhealú in aghaidh soláthróir atá bunaithe go háitiúil ar an mbonn gur earraí nó seirbhísí de chuid an Pháirtí eile iad na hearraí nó na seirbhísí a chuireann an soláthróir sin ar fáil i leith soláthar áirithe.

Meán leictreonach a úsáid

3. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar gach malartú cumarsáide agus faisnéise maidir le soláthar faoi chumhdach trí mhodhanna leictreonacha, lena n-áirítear chun faisnéis soláthair, fógraí agus doiciméid tairisceana a fhoilsiú, agus chun tairiscintí a fháil. Agus soláthar faoi chumhdach á dhéanamh trí mheán leictreonach, déanfaidh eintiteas soláthair:

(a) a áirithiú go ndéanfar an soláthar trí úsáid a bhaint as córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le fíordheimhniú agus criptiú faisnéise, atá ar fáil i gcoitinne agus atá comh-inoibritheach le córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise eile atá ar fáil i gcoitinne;

(b) sásraí a bhunú agus a choinneáil ar bun lena n-áirithítear sláine iarratas ar rannpháirtíocht agus sláine tairiscintí, lena n-áirítear tráth na fála a shuí agus rochtain mhíchuí a chosc; agus

(c) meán leictreonach faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun fógraí agus doiciméadacht tairisceana i nósanna imeachta soláthair a fhoilsiú agus, a mhéid is féidir, chun tairiscintí a chur isteach.

Seoladh soláthair

4. Déanfaidh eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach ar bhealach trédhearcach, neamhchlaonta:

(a) atá comhsheasmhach leis an gCaibidil seo, ag baint úsáid as modhanna amhail nós imeachta tairisceana oscailte, nós imeachta roghnaitheach agus nós imeachta tairisceana teoranta; agus

(b) a chuireann cosc ar choinbhleachtaí leasa agus ar chleachtais éillitheacha, i gcomhréir leis na dlíthe ábhartha.

Rialacha tionscnaimh

5. Chun críoch soláthair poiblí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, ní chuirfidh Páirtí rialacha tionscnaimh i bhfeidhm maidir le hearraí a allmhairítear ón bPáirtí eile atá éagsúil leis na rialacha tionscnaimh a chuireann an Páirtí sin i bhfeidhm i ngnáthchúrsa trádála maidir le hallmhairí na n-earraí céanna.

Fritháirimh

6. Maidir le soláthar faoi chumhdach, ní fhéachfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, le haon fhritháireamh a fháil, ní chuirfidh sé aon fhritháireamh san áireamh, ní fhorchuirfidh sé aon fhritháireamh ná ní fhorfheidhmeoidh sé aon fhritháireamh ag aon chéim de sholáthar.

Bearta nach mbaineann go sonrach le soláthar

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le dleachtanna custaim agus muirir de chineál ar bith a fhorchuirtear ar allmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú, an chaoi a ndéantar na dleachtanna agus na muirir sin a thobhach, agus rialacháin nó foirmiúlachtaí allmhairiúcháin eile agus bearta a théann i bhfeidhm ar thrádáil i seirbhísí seachas bearta lena rialaítear soláthar faoi chumhdach.

Bearta frithéillithe

8. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil bearta iomchuí ar bun aige chun dul i ngleic le héilliú ina sholáthar poiblí agus chun é a chosc. Féadfar a áireamh sna bearta sin, nósanna imeachta chun soláthróirí neamh-incháilithe le haghaidh rannpháirtíocht i soláthairtí an Pháirtí, ar feadh tréimhse éiginnte nó ar feadh tréimhse shainráite, a dhéanamh de sholáthróirí a shuigh údaráis bhreithiúnacha an Pháirtí sin, trí chinneadh críochnaitheach, go ndearna siad breabaireacht, calaois nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile i ndáil le soláthar poiblí i gcríoch an Pháirtí sin. Áiritheoidh gach Páirtí freisin go bhfuil beartais agus nósanna imeachta ar bun aige chun aon choinbhleacht leasa féideartha ó thaobh na ndaoine a bhíonn i mbun soláthair nó a bhfuil tionchar acu ar sholáthar a dhíchur, a mhéid agus is féidir, nó a bhainistiú.

Airteagal 28.5

Faisnéis faoin gcóras soláthair

1. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) aon dlí, rialachán, cinneadh breithiúnach, rialú riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta aige, clásal conartha caighdeánach arna shainordú le dlí nó rialachán agus arna chorprú trí thagairt i bhfógraí nó i ndoiciméadacht agus nós imeachta tairisceana maidir le soláthar faoi chumhdach, agus aon mhodhnuithe orthu, a fhoilsiú go pras sa mheán ábhartha leictreonach nó páipéir arna ainmniú go hoifigiúil ag an leibhéal náisiúnta, a scaipfear go forleathan agus a mbeidh rochtain éasca ag an bpobal air; agus

(b) míniú air sin a sholáthar don Pháirtí eile, ar iarraidh.

2. I Roinn I d'Iarscríbhinn 28-A agus d'Iarscríbhinn 28-B, faoi seach, tá liosta de na nithe seo a leanas:

(a) an meán leictreonach nó an meán páipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí lena mbaineann an fhaisnéis a leagtar amach i mír 1;

(b) an meán leictreonach nó an meán páipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí lena mbaineann na fógraí a cheanglaítear le hAirteagail 28.6, 28.8(9) agus 28.17(2); agus

(c) seoladh an tsuímh gréasáin nó seoltaí na suíomh gréasáin ar a bhfoilsíonn an Páirtí lena mbaineann:

(i) a chuid staitisticí soláthair de bhun Airteagal 28.17(4); nó

(ii) a chuid fógraí maidir le conarthaí arna ndámhachtain de bhun Airteagal 28.17(5).

3. Tabharfaidh gach Páirtí fógra gan mhoill don Fhochoiste dá dtagraítear in Airteagal 28.21 faoi aon mhodhnú ar fhaisnéis an Pháirtí a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinn 28-A agus 28-B, faoi seach.

Airteagal 28.6

Fógraí

Fógra faoi sholáthar beartaithe

1. I gcás gach soláthair faoi chumhdach, foilseoidh eintiteas soláthair fógra faoi sholáthar beartaithe, ach amháin sna himthosca a leagtar amach in Airteagal 28.14.

2. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chaibidil seo, áireofar le gach fógra faoi sholáthar beartaithe:

(a) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha go léir a fháil a bhaineann leis an soláthar, agus a gcostas agus a dtéarmaí íocaíochta, más ann dóibh;

(b) tuairisc ar an soláthar, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta;

(c) i gcás conarthaí athfhillteacha, meastachán, más féidir, ar uainiú fógraí ina dhiaidh sin faoi sholáthar beartaithe;

(d) tuairisc ar aon roghanna;

(e) an fráma ama i ndáil le hearraí nó seirbhísí a sheachadadh, nó fad an chonartha;

(f) an modh soláthair a úsáidfear agus an mbeidh caibidlíocht nó sásra um cheant leictreonach i gceist leis;

(g) i gcás inarb infheidhme, an seoladh agus aon dáta deiridh i dtaobh iarrataí ar rannpháirtíocht sa soláthar a chur isteach;

(h) an seoladh agus an dáta deiridh i dtaobh tairiscintí a chur isteach;

(i) an teanga nó na teangacha ina bhféadfar tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, an bhféadfar iad a chur isteach i dteanga seachas teanga oifigiúil de chuid Pháirtí an eintitis soláthair;

(j) liosta d'aon choinníollacha maidir le rannpháirtíocht soláthróirí, agus tuairisc ghearr ar na coinníollacha sin, lena n-áirítear aon cheanglais maidir le doiciméid nó deimhnithe sonracha atá le soláthar ag soláthróirí ina leith sin, mura n-áirítear na ceanglais sin i ndoiciméadacht tairisceana a chuirfear ar fáil do na soláthróirí leasmhara go léir an tráth céanna leis an bhfógra faoi sholáthar beartaithe;

(k) más rud é, de bhun Airteagal 28.8(5), go bhfuil sé ar intinn ag eintiteas soláthair líon teoranta soláthróirí cáilithe a roghnú a n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach, na critéir a úsáidfear chun iad a roghnú agus líon na soláthróirí a gceadófar dóibh tairiscint a chur isteach; agus

(l) léiriú go bhfuil an soláthar faoi chumhdach ag an gCaibidil seo.

Fógra achomair

3. I leith gach cáis soláthair bheartaithe, foilseoidh eintiteas soláthair fógra achomair atá sorochtana, an tráth céanna a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe, agus i gceann de theangacha oifigiúla EDT ([94]). Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, san fhógra achomair:

(a) ábhar an tsoláthair;

([94]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, is iad an Béarla, an Spáinnis agus an Fhraincis teangacha oifigiúla EDT.

(b) an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach nó, i gcás inarb infheidhme, aon dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí a chur isteach ar rannpháirtíocht sa soláthar nó ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide; agus

(c) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a iarraidh.

Fógra faoi sholáthar pleanáilte

4. Moltar d'eintitis soláthair fógra a fhoilsiú a luaithe is féidir i ngach bliain fhioscach maidir lena bpleananna soláthair amach anseo ('fógra faoi sholáthar beartaithe'). Ba cheart a áireamh san fhógra faoi sholáthar pleanáilte ábhar an tsoláthair agus an dáta a bpleanáiltear an fógra faoi sholáthar beartaithe a fhoilsiú.

5. Maidir le heintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B, féadfaidh sé fógra faoi sholáthar pleanáilte a úsáid mar fhógra faoi sholáthar beartaithe ar choinníoll go n-áirítear san fhógra faoi sholáthar pleanáilte an oiread den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal atá ar fáil don eintiteas agus ráiteas gur chóir do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair.

Rialacha is coiteann d'fhógraí

6. An fógra faoi sholáthar beartaithe, fógra achomair agus fógra faoi sholáthar pleanáilte, beidh siad inrochtana go díreach trí mheán leictreonach, saor in aisce, trí phointe rochtana aonair ar an idirlíon. Ina theannta sin, féadfar na fógraí a fhoilsiú freisin i meán páipéir iomchuí a scaipfear go forleathan agus beidh rochtain éasca ag an bpobal ar na fógraí sin, ar a laghad go dtí go mbeidh an tréimhse ama a luaitear san fhógra imithe in éag.

Tá an meán páipéir agus leictreonach iomchuí liostaithe ag gach Páirtí i Roinn I d'Iarscríbhinn 28-A agus 28-B faoi seach.

7. D'ainneoin na gceanglas a leagtar amach i mír 6 maidir le hinrochtaineacht, trí mheán leictreonach saor in aisce trí phointe rochtana aonair, na bhfógraí faoi sholáthar beartaithe, fógraí achomair agus fógraí faoi sholáthar pleanáilte, bunóidh an tSile suíomh tairsí, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus d'idirthréimhse 3 bliana go dtí go mbíonn an pointe aonair rochtana i seirbhís go hiomlán, mar réiteach malartach sealadach ar phointe rochtana aonair, suíomh ba cheart a bheith saor in aisce agus ba cheart naisc a sholáthar do na hardáin nó na suíomhanna gréasáin ar a bhfoilsítear na fógraí. Beidh naisc sa tairseach chuig ceithre shuíomh gréasáin ar a mhéad, is iad sin:

(a) *Mercado público*;

(b) *Ministerio de Obras Públicas*;

(c) *Dirección General de Concesiones*; agus

(d) *Diario Oficial*.

8. Déanfaidh na Páirtithe foráil maidir le hathbhreithniú tréimhsiúil ar mhír 7 den Airteagal seo, lena n-áirítear plé laistigh den Fhochoiste dá dtagraítear in Airteagal 28.21, go háirithe maidir le stádas chur chun feidhme an phointe rochtana aonair.

Airteagal 28.7

Coinníollacha maidir le rannpháirtíocht

1. Déanfaidh eintiteas soláthair aon choinníollacha maidir le rannpháirtíocht i soláthar a theorannú dóibh siúd atá fíor-riachtanach lena áirithiú go mbeidh an acmhainneacht dhlíthiúil, an acmhainneacht airgeadais agus na cumais tráchtála agus theicniúla ag soláthróir chun an soláthar ábhartha a ghabháil ar láimh.

2. Agus na coinníollacha rannpháirtíochta á mbunú, déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) ní fhorchuirfidh sé an coinníoll, chun go bhféadfaidh soláthróir páirt a ghlacadh i soláthar, go ndearna eintiteas soláthair de chuid Páirtí conradh amháin nó níos mó a dhámhachtain ar an soláthróir sin roimhe sin;

(b) féadfaidh sé a cheangal go mbeadh taithí ábhartha roimh ré ag teastáil i gcás ina bhfuil gá léi chun ceanglais an tsoláthair a chomhlíonadh; agus

(c) ní cheanglóidh sé taithí roimh ré i gcríoch an Pháirtí mar choinníoll leis an soláthar.

3. Agus é á mheasúnú aige an gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha rannpháirtíochta, déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé meastóireacht ar acmhainneacht airgeadais agus ar chumais tráchtála agus theicniúla soláthróra ar bhonn ghníomhaíochtaí gnó an tsoláthróra sin laistigh de chríoch Páirtí an eintitis soláthair agus lasmuigh den chríoch sin; agus

(b) bunóidh sé a mheastóireacht ar na coinníollacha a bheidh sonraithe ag an eintiteas soláthair roimh ré i bhfógraí nó i ndoiciméadacht tairisceana.

4. I gcás ina mbeidh fianaise thacaíochta ann, agus ar choinníoll nach gcuirfear an mhír seo i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó gan údar idir na Páirtithe, féadfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, soláthróir a eisiamh ar fhorais amhail:

(a) féimheacht;

(b) dearbhuithe bréagacha;

(c) easnaimh nach beag nó easnaimh leanúnacha i ndáil le haon cheanglas substainteach nó aon oibleagáid shubstainteach a fheidhmiú faoi chonradh nó conarthaí roimh ré;

(d) breithiúnais chríochnaitheacha i leith coireanna tromchúiseacha nó cionta tromchúiseacha eile;

(e) mí-iompar tromchúiseach gairmiúil nó gníomhartha nó neamhghníomhartha lena dtugtar léargas diúltach ar ionracas tráchtála an tsoláthróra; nó

(f) mainneachtain cánacha a íoc.

Airteagal 28.8

Cáilíocht soláthróirí

Córais chlárúcháin agus nósanna imeachta cáilíochta

1. Féadfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, córas clárúcháin soláthróirí a choinneáil ar bun nach mór do sholáthróirí leasmhara clárú leis agus faisnéis áirithe a sholáthar dó. Sa chás sin, áiritheoidh an Páirtí go mbeidh rochtain ag soláthróirí leasmhara ar fhaisnéis ar an gcóras clárúcháin, trí mheán leictreonach, agus go bhféadfaidh siad clárúchán a iarraidh tráth ar bith. Cuirfidh an t-údarás inniúil ar an eolas iad laistigh de thréimhse ama réasúnach faoin gcinneadh maidir leis an iarraidh sin a dheonú nó a dhiúltú. I gcás go ndiúltófar an iarraidh, beidh an cinneadh cuí-réasúnaithe.

2. Áiritheoidh gach Páirtí:

(a) go ndéanfaidh a eintitis soláthair iarrachtaí chun difríochtaí idir a nósanna imeachta cáilíochta a íoslaghdú; agus

(b) má choinníonn a eintitis soláthair córais chlárúcháin ar bun, go ndéanfaidh na heintitis iarrachtaí difríochtaí idir na córais sin a íoslaghdú.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, córas clárúcháin nó nós imeachta cáilíochta a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm a bhfuil sé ina chuspóir leis nó d'éifeacht aige bacainní gan ghá a chruthú ar rannpháirtíocht soláthróirí de chuid an Pháirtí eile ina sholáthar féin.

Nós imeachta roghnaitheach

4. Má tá sé ar intinn ag eintiteas soláthair nós imeachta roghnaitheach a úsáid, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) áireoidh sé ina fhógra faoi sholáthar beartaithe an fhaisnéis a leagtar amach i bhfomhíreanna (a), (b), (f), (g), (j), (k) agus (l) d'Airteagal 28.6(2) ar a laghad, agus iarrfaidh sé ar sholáthróirí iarraidh ar rannpháirtíocht a chur isteach; agus

(b) faoi thosach na tréimhse tairisceana, déanfaidh sé an fhaisnéis i bhfomhíreanna (c), (d), (e), (h) agus (i) d'Airteagal 28.6 (2), ar a laghad, a sholáthar do na soláthróirí cáilithe faoina dtugann sé fógra de bhun fhomhír (b) d'Airteagal 28.12(3).

5. Ceadóidh eintiteas soláthair do na soláthróirí cáilithe go léir a bheith rannpháirteach i soláthar áirithe, ach amháin má shonraíonn an t-eintiteas soláthair san fhógra faoi sholáthar beartaithe aon teorainn ar líon na soláthróirí a gceadófar dóibh tairiscint a chur isteach, agus na critéir nó údar i dtaobh an líon teoranta soláthróirí a roghnú. Díreofar cuireadh chun tairisceana ar roinnt soláthróirí is gá chun iomaíocht a áirithiú.

6. I gcás nach gcuirfear an doiciméadacht tairisceana ar fáil go poiblí ó dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i mír 4, áiritheoidh eintiteas soláthair go gcuirfear na doiciméid sin ar fáil an tráth céanna do na soláthróirí cáilithe go léir a roghnaítear i gcomhréir le mír 5.

Liostaí ilúsáide

7. Féadfaidh eintiteas soláthair liosta soláthróirí ilúsáide a choinneáil ar bun, ar choinníoll, i gcás fógra lena n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar bheith san áireamh ar an liosta:

(a) go bhfoilseofar go bliantúil é; agus

(b) má fhoilsítear trí mheán leictreonach é, cuirtear ar fáil go leanúnach é sa mheán iomchuí a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinní 28-A agus 28-B.

8. Áireofar san fhógra dá bhforáiltear i mír 7:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí, nó ar chatagóirí díobh, a bhféadfar an liosta a úsáid ina leith;

(b) na coinníollacha rannpháirtíochta a chomhlíonfaidh na soláthróirí chun bheith san áireamh ar an liosta agus na modhanna a úsáidfidh an t-eintiteas soláthair lena fhíorú go gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha;

(c) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha go léir a fháil a bhaineann leis an liosta;

(d) tréimhse bhailíochta an liosta agus na modhanna chun é a athnuachan nó a fhoirceannadh, nó, mura soláthraítear an tréimhse bhailíochta, léiriú ar an gcaoi a dtabharfar fógra maidir le húsáid an liosta a fhoirceannadh; agus

(e) léiriú go bhféadfar an liosta a úsáid le haghaidh soláthar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

9. D'ainneoin mhír 7, má bhíonn liosta ilúsáide bailí ar feadh trí bliana nó níos lú, féadfaidh eintiteas soláthair gan an fógra dá dtagraítear i mír 7 a fhoilsiú ach aon uair amháin, ag tús thréimhse bhailíochta an liosta, ar choinníoll, maidir leis an bhfógra:

(a) go sonrófar ann an tréimhse bhailíochta agus nach bhfoilseofar a thuilleadh fógraí; agus

(b) go bhfoilseofar trí mheán leictreonach é agus go gcuirfear ar fáil go leanúnach é le linn thréimhse a bhailíochta.

10. Ceadóidh eintiteas soláthair do sholáthróirí iarratas a dhéanamh aon tráth ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide agus áireoidh sé na soláthróirí cáilithe go léir ar an liosta laistigh de thréimhse réasúnta gearr.

11. I gcás ina ndéanann soláthróir nach áirítear ar liosta ilúsáide iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht i soláthar bunaithe ar liosta ilúsáide chomh maith leis na doiciméid uile a cheanglaítear, laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 28.12(2), déanfaidh eintiteas soláthair scrúdú ar an iarraidh. Ní dhéanfaidh an t-eintiteas soláthair an soláthróir a eisiamh óna bheith measta i leith an tsoláthair ar na forais nach bhfuil a dhóthain ama ag an eintiteas chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, mura rud é, i gcásanna eisceachtúla, i ngeall ar chastacht an tsoláthair, nach bhfuil an t-eintiteas in ann an scrúdú ar an iarraidh a thabhairt chun críche laistigh den tréimhse ama a cheadaítear i dtaobh tairiscintí a chur isteach.

Eintitis i Ranna B agus C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B

12. Eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B, féadfaidh sé úsáid a bhaint as fógra lena n-iarrtar ar sholáthróirí iarratas a dhéanamh ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide mar fhógra faoi sholáthar beartaithe, ar choinníoll:

(a) go bhfoilseofar an fógra i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo agus go n-áireofar ann an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 8 den Airteagal seo, an oiread den fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 28.6(2) a bheidh ar fáil agus ráiteas gur fógra faoi sholáthar beartaithe é an fógra nó nach bhfaighidh ach na soláthróirí ar an liosta ilúsáide tuilleadh fógraí soláthair a chumhdaítear leis an liosta ilúsáide; agus

(b) maidir le soláthróirí a bhfuil sé curtha in iúl don eintiteas acu go bhfuil leas acu i soláthar ar leith, go soláthróidh an t-eintiteas go pras dóibh faisnéis leordhóthanach chun go bhféadfaidh siad a leas sa soláthar a mheasúnú, lena n-áirítear an fhaisnéis eile go léir a cheanglaítear faoi Airteagal 28.6(2), a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil.

13. Eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B, féadfaidh sé cead a thabhairt do sholáthróir, ar soláthróir é a rinne iarratas ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide i gcomhréir le mír 10 den Airteagal seo, tairiscint a chur isteach i leith soláthar ar leith, i gcás ina bhfuil a dhóthain ama ag an eintiteas soláthair chun scrúdú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann an soláthróir na coinníollacha rannpháirtíochta.

Faisnéis maidir le cinntí eintitis soláthair

14. Aon soláthróir a chuirfidh isteach iarraidh ar rannpháirtíocht i soláthar, nó iarratas ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, cuirfidh eintiteas soláthair é ar an eolas go pras maidir lena chinneadh i ndáil leis an iarraidh nó an iarratas.

15. Má dhiúltaíonn eintiteas soláthair d'iarraidh ó sholáthróir ar rannpháirtíocht i soláthar nó d'iarratas ó sholáthróir ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, má scoireann sé de sholáthróir a aithint mar sholáthróir cáilithe, nó má bhaineann sé soláthróir de liosta ilúsáide, cuirfidh an t-eintiteas an soláthróir ar an eolas go pras agus, ar iarraidh ón soláthróir, soláthróidh sé go pras don soláthróir míniú i scríbhinn ar na cúiseanna lena chinneadh.

Airteagal 28.9

Sonraíochtaí teicniúla

1. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair aon sonraíocht theicniúil a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm ná ní dhéanfaidh sé foráil maidir le haon nós imeachta um measúnú comhréireachta a bhfuil an cuspóir aige bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil idirnáisiúnta a chruthú, ná a bhfuil an éifeacht sin aige.

2. Agus foráil á déanamh maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na n-earraí nó na seirbhísí atá á soláthar, déanfaidh eintiteas soláthair, más iomchuí, an méid seo a leanas:

(a) an tsonraíocht theicniúil a leagan amach i dtéarmaí ceanglais feidhmíochta agus ceanglais fheidhmiúla, seachas i dtéarmaí saintréithe dearaidh nó saintréithe tuairisciúla; agus

(b) an tsonraíocht theicniúil a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta, más ann dóibh, nó ar rialacháin theicniúla náisiúnta, ar chaighdeáin aitheanta náisiúnta nó ar chóid tógála, murab ann do chaighdeáin idirnáisiúnta den sórt sin.

3. Má úsáidtear saintréithe dearaidh nó tréithe tuairisciúla sna sonraíochtaí teicniúla, ba cheart d'eintiteas soláthair a léiriú, más iomchuí, go measfaidh sé tairiscintí i dtaobh earraí nó seirbhísí coibhéiseacha ar léir go gcomhlíonann siad ceanglais an tsoláthair trí fhocail amhail 'nó a choibhéis' a chur san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

4. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair foráil maidir le sonraíochtaí teicniúla lena gceanglaítear trádmharc nó trádainm, paitinn, cóipcheart, dearadh, cineál, tionscnamh sonrach, táirgeoir nó soláthróir áirithe, nó ina dtagraítear do cheann áirithe díobh sin, mura rud é nach bhfuil bealach eile beacht nó intuigthe a dhóthain ann chun tuairisc a thabhairt ar na ceanglais soláthair agus ar choinníoll, i gcásanna den sórt sin, go gcuirfidh an t-eintiteas focail amhail 'nó a choibhéis' san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

5. I gcás eintiteas soláthair, ní dhéanfaidh sé comhairle a lorg nó a ghlacadh, ar bhealach a mbeadh sé d'éifeacht aige iomaíocht a chosc, ó dhuine a bhféadfadh leas tráchtála a bheith aige sa soláthar, ar comhairle í a fhéadfar a úsáid chun aon sonraíocht theicniúil i leith soláthar sonrach a ullmhú nó a ghlacadh.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir leis an Airteagal seo féadfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, sonraíochtaí teicniúla a ullmhú, a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm chun caomhnú acmhainní nádúrtha a chur chun cinn nó chun an comhshaol a chosaint.

Airteagal 28.10

Doiciméadacht tairisceana

1. Cuirfidh eintiteas soláthair doiciméadacht tairisceana ar fáil do sholáthróirí ina n-áireofar an fhaisnéis uile is gá lena cheadú do sholáthróirí tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach. Mura bhfuil sí soláthraithe cheana san fhógra faoi sholáthar beartaithe, áireofar sa doiciméadacht sin tuairisc iomlán ar an méid seo a leanas:

(a) an soláthar, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta agus aon cheanglais atá le comhlíonadh, lena n-áirítear aon sonraíochtaí teicniúla, aon deimhniúchán um measúnú comhréireachta, aon phleananna, aon líníochtaí nó aon ábhair theagaisc;

(b) aon choinníollacha maidir le rannpháirtíocht soláthróirí, lena n-áirítear liosta faisnéise agus doiciméad a gceanglaítear ar sholáthróirí a chur isteach i ndáil leis na coinníollacha rannpháirtíochta;

(c) na critéir mheastóireachta go léir a chuirfidh an t-eintiteas i bhfeidhm agus an conradh á dhámhachtain, agus, murab é an praghas an t-aon chritéar amháin, tábhacht choibhneasta na gcritéar sin;

(d) más rud é go ndéanfaidh an t-eintiteas soláthair an soláthar trí mheán leictreonach, aon cheanglais fíordheimhniúcháin agus chriptiúcháin nó aon cheanglais eile a bhaineann le faisnéis a chur isteach trí mheán leictreonach;

(e) má tá an t-eintiteas soláthair chun ceant leictreonach a chur ar bun, na rialacha, lena n-áirítear sainaithint ar na heilimintí den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, ar faoina réir a dhéanfar an ceant;

(f) más rud é go n-osclófar tairiscintí go poiblí, an dáta, an t-am agus an áit a n-osclófar iad agus, más iomchuí, na daoine atá údaraithe le bheith i láthair;

(g) aon téarmaí nó coinníollacha eile, lena n-áirítear téarmaí íocaíochta agus aon teorainn ar na modhanna trína bhféadfar tairiscintí a chur isteach, amhail cibé acu atá nó nach bhfuil siad le cur isteach ar pháipéar nó trí mheán leictreonach; agus

(h) aon dátaí maidir le seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí.

2. Agus dáta á shuí i dtaobh seachadadh earraí arna soláthar nó soláthar seirbhísí, cuirfidh eintiteas soláthair san áireamh tosca amhail castacht an tsoláthair, méid na fochonraitheoireachta a bhfuiltear ag súil léi agus an t-am réalaíoch is gá chun earraí a tháirgeadh, a dhí-stocáil agus a iompar ón bpointe soláthair nó chun seirbhísí a sholáthar.

3. I measc na gcritéar meastóireachta a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana, féadfar a áireamh praghas agus tosca praghais eile, cáilíocht, fiúntas teicniúil, tréithe comhshaoil agus téarmaí seachadta.

4. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas go pras:

(a) doiciméadacht tairisceana a chur ar fáil lena áirithiú go mbeidh a ndóthain ama ag soláthróirí leasmhara chun tairiscintí inghlactha a chur isteach;

(b) an doiciméadacht tairisceana a sholáthar, arna iarraidh sin, d'aon soláthróir leasmhar; agus

(c) freagra a thabhairt ar aon iarraidh réasúnach ar fhaisnéis ábhartha ó aon soláthróir leasmhar nó aon soláthróir rannpháirteach laistigh den tréimhse amach a shuitear i reachtaíocht gach Páirtí, ar choinníoll nach dtabharfaidh an fhaisnéis sin buntáiste don soláthróir sin thar soláthróirí eile.

Modhnuithe

5. Más rud é go ndéanfaidh eintiteas soláthair modhnú ar na critéir nó na ceanglais a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana a sholáthraítear do sholáthróirí rannpháirteacha, nó go ndéanfaidh sé fógra nó doiciméadacht tairisceana a leasú nó a atheisiúint, tarchuirfidh sé, i scríbhinn, gach modhnú den sórt sin nó an fógra nó an doiciméadacht tairisceana leasaithe nó atheisithe:

(a) chuig na soláthróirí go léir atá rannpháirteach tráth an mhodhnaithe, an leasaithe nó na hatheisiúna, más eol don eintiteas cé hiad na soláthróirí, agus, i ngach cás eile, ar an mbealach céanna ar cuireadh an fhaisnéis bhunaidh ar fáil; agus

(b) in am trátha, agus cineál agus castacht an tsoláthair á gcur san áireamh, chun ligean do na soláthróirí sin tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a athchur isteach, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 28.11

Breithnithe comhshaoil agus sóisialta

1. Féadfaidh Páirtí cead a thabhairt dá eintitis soláthair cúinsí comhshaoil agus sóisialta a úsáid le linn an nós imeachta soláthair, ar choinníoll nach bhfuil siad idirdhealaitheach, go bhfuil siad comhsheasmhach leis an toirmeasc ar fhritháireamh in Airteagal 28.4(6), agus go bhfuil siad nasctha le hábhar an chonartha.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanfar cúinsí comhshaoil agus sóisialta a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm ar bhealach a bheadh ina idirdhealú treallach nó gan údar idir na Páirtithe nó ina shrian faoi cheilt ar thrádáil idir na Páirtithe.

Airteagal 28.12

Tréimhsí ama

1. Déanfaidh eintiteas soláthair, ar shlí atá comhsheasmhach lena riachtanais réasúnacha féin, a ndóthain ama a sholáthar do sholáthróirí chun iarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach, ag cur san áireamh tosca amhail:

(a) cineál agus castacht an tsoláthair;

(b) méid na fochonraitheoireachta a réamh-mheastar; agus

(c) i gcás nach n-úsáidtear modhanna leictreonacha, an t-am is gá chun tairiscintí a tharchur trí mheán neamhleictreonach ó phointí eachtracha agus ó phointí intíre.

Na tréimhsí sin, lena n-áirítear aon síneadh orthu, is mar an gcéanna a bheidh siad le haghaidh na soláthróirí leasmhara nó rannpháirteacha uile.

2. I gcás eintiteas soláthair a bhaineann úsáid as nós imeachta roghnaitheach, suífidh sé nach mbeidh dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, i bprionsabal, níos luaithe ná 25 lá ón dáta a bhfoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe. Má fhágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair go bhfuil an tréimhse sin dofheidhmithe, féadfar an tréimhse a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá.

3. Ach amháin mar a fhoráiltear i míreanna 4, 5, 7 agus 8, suífidh eintiteas soláthair nach mbeidh dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach níos luaithe ná 40 lá ón dáta:

(a) i gcás nós imeachta tairisceana oscailte, a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; nó

(b) i gcás nós imeachta roghnaitheach, a thabharfaidh an t-eintiteas soláthair fógra do sholáthróirí go n-iarrfar orthu tairiscintí a chur isteach, cibé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann sé liosta ilúsáide.

4. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá más rud é:

(a) go bhfuil fógra faoi sholáthar pleanáilte foilsithe ag an eintiteas soláthair mar a leagtar amach in Airteagal 28.6(4) ar a laghad 40 lá agus tráth nach déanaí ná 12 mhí, roimh fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus go bhfuil na nithe seo a leanas san fhógra faoi sholáthar pleanáilte:

(i) tuairisc ar an soláthar;

(ii) na neas-spriocdhátaí maidir le cur isteach tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht;

(iii) ráiteas gur cheart do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair;

(iv) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a fháil; agus

(v) an oiread faisnéise atá ar fáil agus a cheanglaítear le haghaidh an fhógra faoi sholáthar beartaithe faoi Airteagal 28.6 (2);

(b) go léireoidh an t-eintiteas soláthair, le haghaidh conarthaí athfhillteacha, i bhfógra tosaigh faoi sholáthar beartaithe, go leagfar síos i bhfógraí ina dhiaidh sin na tréimhsí tairisceana bunaithe ar an mír seo; nó

(c) go bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair gur dofheidhmithe an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3.

5. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú faoi 5 lá le haghaidh gach ceann de na himthosca seo a leanas:

(a) foilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe trí mheán leictreonach;

(b) cuirfear an doiciméadacht tairisceana go léir ar fáil trí mheán leictreonach ón dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; agus

(c) glacann an t-eintiteas le tairiscintí trí mheán leictreonach.

6. Ní bheidh sé ina thoradh i gcás ar bith ar chur i bhfeidhm mhír 5, i gcomhar le mír 4, go laghdófar an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 chuig tréimhse is gairide ná 10 lá ón dáta a fhoilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe.

7. D'ainneoin aon fhoráil eile den Airteagal seo, má cheannaíonn eintiteas soláthair earraí nó seirbhísí tráchtála, nó aon teaglaim díobh, féadfaidh sé an tréimhse ama le haghaidh tairisceana arna suí i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 13 lá, ar choinníoll go bhfoilseoidh sé trí mheán leictreonach, an tráth céanna, an fógra faoi sholáthar beartaithe agus an doiciméadacht tairisceana. Ina theannta sin, má ghlacann an t-eintiteas soláthair le tairiscintí le haghaidh earraí nó seirbhísí tráchtála trí mheán leictreonach, féadfaidh sé an tréimhse ama arna bunú i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá.

8. Má tá na soláthróirí cáilithe go léir nó líon teoranta soláthróirí cáilithe roghnaithe ag eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B, féadfar an tréimhse ama le haghaidh tairisceana a shocrú trí chomhaontú frithpháirteach idir an t-eintiteas soláthair agus na soláthróirí roghnaithe. In éagmais comhaontaithe, ní bheidh an tréimhse níos lú ná 10 lá.

Airteagal 28.13

Caibidlíocht

1. Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go ndéanfaidh a eintitis soláthair caibidlíocht le soláthróirí i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach:

(a) má tá sé curtha in iúl ag an eintiteas soláthair go bhfuil sé ar intinn aige caibidlíocht a dhéanamh san fhógra faoi sholáthar beartaithe mar a cheanglaítear faoi Airteagal 28.6(2); nó

(b) más dealraitheach ón meastóireacht nach léir go bhfuil aon tairiscint ar an gceann is buntáistí i dtéarmaí na gcritéar meastóireachta sonrach a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana.

2. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé, i gcás aon díothú soláthróirí a ghlacfaidh páirt i gcaibidlíocht, go ndéanfar é i gcomhréir leis na critéir mheastóireachta a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana; agus

(b) má thugtar caibidlíocht chun críche, tabharfaidh sé spriocdháta coiteann do na soláthróirí rannpháirteacha atá fágtha i dtaobh aon tairiscintí nua nó tairiscintí athbhreithnithe a chur isteach.

Airteagal 28.14

Nós imeachta tairisceana teoranta

1. Ar choinníoll nach n-úsáidfidh sé an fhoráil seo chun iomaíocht a sheachaint i measc soláthróirí nó ar bhealach a dhéanann idirdhealú in aghaidh soláthróirí de chuid an Pháirtí eile nó a chosnaíonn soláthróirí intíre, féadfaidh eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana teoranta a úsáid agus féadfaidh sé roghnú gan Airteagal 28.6, Airteagal 28.7, Airteagal 28.8, Airteagal 28.10 agus Airteagail 28.12, 28.13, 28.15 ná 28.16 a chur i bhfeidhm in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) más rud é:

(i) nár cuireadh tairiscintí isteach nó nár iarr soláthróir a bheith rannpháirteach;

(ii) nach gcomhlíonann aon cheann de na tairiscintí a cuireadh isteach ceanglais fíor-riachtanacha na doiciméadachta tairisceana;

(iii) nár chomhlíon aon cheann de na soláthróirí na coinníollacha rannpháirtíochta; nó

(iv) gur dhearbhaigh an t-údarás inniúil na tairiscintí a cuireadh isteach a bheith claonpháirteach ar choinníoll nach bhfuil ceanglais na doiciméadachta tairisceana modhnaithe go substaintiúil;

(b) mura féidir ach le soláthróir áirithe na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar agus nach ann d'aon earraí nó seirbhísí malartacha réasúnacha ná d'aon earraí nó seirbhísí ionaid réasúnacha, ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

(i) is le saothar ealaíne a bhaineann an ceanglas;

(ii) a chosaint a dheonaítear le paitinní, cóipchearta nó cearta eisiacha eile; nó

(iii) easpa iomaíochta ar chúiseanna teicniúla;

(c) i gcás soláthar seachadtaí breise ag an soláthróir bunaidh ina bhfuil earraí nó seirbhísí nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh más rud é, maidir le hathrú soláthróra i dtaobh earraí nó seirbhísí breise den sórt sin:

(i) nach féidir an t-athrú sin a dhéanamh ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh idirmhalartaitheacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, bogearraí, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraíodh faoin soláthar tosaigh; agus

(ii) go mbeadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht nach beag nó dúbailt shubstaintiúil costas i gcás an eintitis soláthair;

(d) i gcás, agus más rud é a mhéid is fíorghá amháin, ar chúiseanna fíorphráinne a eascraíonn as teagmhais nach bhféadfadh an t-eintiteas soláthair a thuar, nárbh fhéidir na hearraí ná na seirbhísí a fháil in am trí leas a bhaint as nós imeachta tairisceana oscailte ná nós imeachta roghnaitheach;

(e) i gcás earraí arna gceannach ar mhargadh tráchtearraí;

(f) i gcás ina bhfaigheann eintiteas soláthair fréamhshamhail nó an chéad earra nó an chéad seirbhís a fhorbraítear arna iarraidh sin dó i gcúrsa conradh áirithe le haghaidh taighde, turgnaimh, staidéir nó forbairt bhunaidh, agus le haghaidh an chonartha áirithe sin; féadfar a áireamh le forbairt bhunaidh an chéad earra nó na chéad seirbhíse táirgeadh nó soláthar teoranta chun torthaí na tástála allamuigh a chorprú agus lena léiriú go bhfuil an t-earra nó an tseirbhís oiriúnach i gcomhair táirgeadh nó soláthar i gcainníocht atá i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta inghlactha, ach ní áirítear léi táirgeadh nó soláthar cainníochta chun inmharthanacht tráchtála a shuí ná chun costais taighde agus forbartha a aisghabháil;

(g) i gcás ceannacháin a dhéantar faoi choinníollacha thar a bheith buntáisteach nach dtagann i gceist ach san fhíor-ghearrthéarma i gcás diúscairtí neamhghnácha amhail iad siúd a eascraíonn as leachtú, glacadóireacht nó féimheacht, ach ní i gcás gnáthcheannach ó sholáthróirí tráthrialta; nó

(h) i gcás ina ndéantar conradh a dhámhachtain ar bhuaiteoir comórtais dearaidh ar choinníoll:

(i) gur eagraíodh an comórtas ar bhealach atá comhsheasmhach le prionsabail na Caibidle seo, go háirithe iad siúd maidir le fógra faoi sholáthar beartaithe a fhoilsiú; agus

(ii) go ndéanann giúiré neamhspleách moltóireacht ar na rannpháirtithe d'fhonn conradh dearaidh a dhámhachtain ar bhuaiteoir.

2. Ullmhóidh an t-eintiteas soláthair tuarascáil i scríbhinn ar gach conradh arna dhámhachtain faoi mhír 1. Áireofar sa tuarascáil ainm an eintitis soláthair, luach agus cineál na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar, agus ráiteas ina léireofar na himthosca agus na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 a bhí ina n-údar le húsáid a bhaint as nós imeachta tairisceana teoranta.

Airteagal 28.15

Ceantanna leictreonacha

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach a dhéanamh ag úsáid ceant leictreonach, cuirfidh an t-eintiteas na nithe seo a leanas ar fáil do gach rannpháirtí, sula gcuirfidh sé tús leis an gceant leictreonach:

(a) an modh meastóireachta uathoibríoch, lena n-áirítear an fhoirmle mhatamaiticiúil, atá bunaithe ar na critéir mheastóireachta a leagtar amach sa doiciméadacht tairisceana agus a úsáidfear sa rangú nó ath-rangú uathoibríoch le linn an cheant;

(b) torthaí aon mheastóireachta tosaigh ar eilimintí a thairisceana i gcás ina bhfuil an conradh le dámhachtain ar bhonn na tairisceana is buntáistí; agus

(c) aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le déanamh an cheant.

Airteagal 28.16

Déileáil le tairiscintí agus dámhachtain conarthaí

Déileáil le tairiscintí

1. Déanfaidh eintiteas soláthair na tairiscintí go léir a fháil agus a oscailt faoi nósanna imeachta lena rathaítear cothroime agus neamhchlaontacht an phróisis soláthair agus rúndacht tairiscintí, agus is mar sin a dhéileálfaidh sé leo.

2. Ní ghearrfaidh eintiteas soláthair pionós ar aon soláthróir a gheofar a thairiscint tar éis an sprioc-ama a shonraítear chun tairiscintí a fháil má tharla an mhoill de bharr míláimhseáil ar thaobh an eintitis soláthair amháin.

3. Má sholáthraíonn eintiteas soláthair deis do sholáthróir earráidí neamhbheartaithe foirme a cheartú idir oscailt na dtairiscintí agus dámhachtain an chonartha, soláthróidh an t-eintiteas soláthair an deis chéanna do na soláthróirí rannpháirteacha go léir.

Dámhachtain conarthaí

4. Ionas go ndéanfar í a chur san áireamh i gcomhair dámhachtana, is i scríbhinn a chuirfear tairiscint isteach agus, tráth a hoscailte, comhlíonfaidh sí na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana agus is ó sholáthróir a chomhlíonann na coinníollacha rannpháirtíochta a bheidh sí.

5. Mura gcinnfidh eintiteas soláthair nach chun leas an phobail é conradh a dhámhachtain, déanfaidh an t-eintiteas an conradh a dhámhachtain don soláthróir a chinn an t-eintiteas atá in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh, agus a chuir isteach, bunaithe ar na critéir mheastóireachta a shonraítear sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana, agus orthu siúd amháin, an méid seo a leanas:

(a) an tairiscint is buntáistí; nó

(b) an praghas is ísle, más é an praghas an t-aon chritéar amháin.

6. I gcás ina bhfaigheann eintiteas soláthair tairiscint ina bhfuil praghas atá thar a bheith íseal i ndáil leis na praghsanna i dtairiscintí eile a cuireadh isteach, féadfaidh sé a dheimhniú leis an soláthróir go gcomhlíonann an soláthróir na coinníollacha rannpháirtíochta agus go bhfuil sé in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh.

7. Ní bhainfidh eintiteas soláthair úsáid as roghanna, ní chuirfidh sé soláthar ar ceal ná ní mhodhnóidh sé conarthaí arna ndámhachtain ar bhealach a théann timpeall ar na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo.

8. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall, mar riail ghinearálta, tréimhse neamhghníomhaíochta a sholáthar idir dámhachtain agus tabhairt i gcrích conartha chun am leordhóthanach a thabhairt do thairgeoirí mírathúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh dámhachtana agus agóid a dhéanamh ina aghaidh.

Airteagal 28.17

Trédhearcacht faisnéise soláthair

Faisnéis a sholáthraítear do sholáthróirí

1. Cuirfidh eintiteas soláthair soláthróirí rannpháirteacha ar an eolas go pras faoi chinntí dámhachtana conartha an eintitis soláthair agus, ar iarraidh ó sholáthróir, déanfaidh sé amhlaidh i scríbhinn. Faoi réir Airteagail 28.18(2) agus (3), soláthróidh eintiteas soláthair, má iarrtar air é, míniú do sholáthróir nár éirigh leis ar na cúiseanna nár roghnaigh an t-eintiteas a thairiscint agus na buntáistí coibhneasta a bhain le tairiscint an tsoláthróra ar éirigh leis.

Foilsiú faisnéise dámhachtana

2. Tráth nach déanaí ná 72 lá tar éis dhámhachtain gach conradh a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, foilseoidh eintiteas soláthair fógra sa mheán páipéir nó sa mheán leictreonach iomchuí a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinn 28-A agus 28-B. I gcás nach bhfoilsíonn an t-eintiteas soláthair an fógra ach i meán leictreonach, beidh an fhaisnéis inrochtana go héasca ar feadh tréimhse réasúnta ama. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh san fhógra:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí atá le soláthar;

(b) ainm agus seoladh an eintitis soláthair;

(c) ainm an tsoláthróra ar éirigh leis;

(d) luach na tairisceana ar éirigh léi nó luach na dtairiscintí is airde agus is ísle a cuireadh san áireamh agus an conradh á dhámhachtain;

(e) dáta na dámhachtana; agus

(f) an cineál modha soláthair a úsáideadh, agus i gcásanna inar úsáideadh nós imeachta tairisceana teoranta i gcomhréir le hAirteagal 28.14, tuairisc ar na himthosca is údar le húsáid a bhaint as nós imeachta tairisceana teoranta.

Coinneáil doiciméadachta, tuarascálacha agus inrianaitheacht leictreonach

3. Coinneoidh gach eintiteas soláthair ar bun, ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad ón dáta a dhámhfaidh sé conradh:

(a) an doiciméadacht agus na tuarascálacha maidir le nósanna imeachta tairisceana agus dámhachtainí conartha a bhaineann le soláthar faoi chumhdach, lena n-áirítear na tuarascálacha a cheanglaítear faoi Airteagal 28.14; agus

(b) sonraí lena n-áirithítear inrianaitheacht iomchuí dhéanamh an tsoláthair faoi chumhdach trí mheán leictreonach.

Malartú staidrimh

4. Arna iarraidh sin don Pháirtí eile, agus i ndáil leis na pléití san Fhochoiste dá dtagraítear in Airteagal 28.21, cuirfidh gach Páirtí staidreamh ar fáil don Pháirtí eile maidir le soláthar earraí, seirbhísí agus seirbhísí foirgníochta faoi chumhdach, lena n-áirítear, a mhéid is féidir, staidreamh maidir le lamháltais oibreacha. I gcomhréir le hAirteagal 28.23, comhoibreoidh na Páirtithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar staidreamh soláthair phoiblí a chéile.

5. Má cheanglaíonn Páirtí nach mór fógraí a bhaineann le conarthaí arna ndámhachtain, de bhun mhír 2 den Airteagal seo, a fhoilsiú go leictreonach, agus má tá fógraí den sórt sin inrochtana ag an bpobal trí bhunachar sonraí aonair i bhfoirm lena gceadaítear anailís a dhéanamh ar na conarthaí faoi chumhdach, féadfaidh an Páirtí, in ionad tuairisciú don Fhochoiste dá dtagraítear in Airteagal 28.21, nasc go dtí an suíomh gréasáin a sholáthar, mar aon le haon treoir is gá chun na sonraí sin a rochtain agus a úsáid.

Airteagal 28.18

Nochtadh faisnéise

Faisnéis a sholáthar do na Páirtithe

1. Arna iarraidh sin don Pháirtí eile, soláthróidh Páirtí go pras aon fhaisnéis is gá lena chinneadh an ndearnadh soláthar go cóir, go neamhchlaonta agus i gcomhréir leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear faisnéis faoi shaintréithe agus buntáistí coibhneasta na tairisceana ar éirigh léi. I gcás ina ndéanfadh scaoileadh na faisnéise dochar don iomaíocht i dtairiscintí amach anseo, ní dhéanfaidh an Páirtí a gheobhaidh an fhaisnéis í a nochtadh d'aon soláthróir, ach amháin tar éis dó dul i gcomhairle leis an bPáirtí a sholáthair an fhaisnéis agus toiliú a fháil uaidh.

Neamhnochtadh faisnéise

2. D'ainneoin aon fhoráil eile de chuid na Caibidle seo, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a chuid eintiteas soláthair, seachas a mhéid a éilítear leis an dlí nó le húdarú i scríbhinn ón soláthróir a chuir an fhaisnéis ar fáil, faisnéis a nochtadh a dhéanfadh dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála soláthróra faoi leith nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo lena cheangal ar Pháirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, a údaráis agus a chomhlachtaí athbhreithnithe, faisnéis rúnda a nochtadh dá bhfágfadh nochtadh:

(a) go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí;

(b) go bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí;

(c) go ndéanfaí dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála daoine áirithe, lena n-áirítear cosaint maoine intleachtúla; nó

(d) go mbeifí contrártha ar shlí eile do leas an phobail.

Airteagal 28.19

Nósanna imeachta athbhreithniúcháin intíre

1. Cuirfidh gach Páirtí nós imeachta athbhreithnithe riaracháin nó breithiúnach ar fáil atá tráthúil, éifeachtach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, trína bhféadfaidh soláthróir agóid a dhéanamh in aghaidh an mhéid seo a leanas, a thagann chun cinn i gcomhthéacs soláthair faoi chumhdach ina bhfuil, nó ina raibh, leas ag an soláthróir:

(a) sárú ar an gCaibidil seo; nó

(b) mainneachtain bearta Páirtí lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme a chomhlíonadh, i gcás nach bhfuil an ceart ag an soláthróir agóid dhíreach a dhéanamh in aghaidh sárú ar an gCaibidil seo faoi dhlíthe an Pháirtí.

Is i scríbhinn a bheidh na rialacha nós imeachta maidir le gach agóid agus cuirfear ar fáil i gcoitinne iad.

2. I gcás gearán ó sholáthróir, a thiocfaidh chun cinn i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach ina bhfuil leas ag an soláthróir, nó ina raibh leas aige, go ndearnadh sárú nó mainneachtain dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Páirtí an eintitis soláthair atá ag déanamh an tsoláthair an t-eintiteas agus an soláthróir a spreagadh chun féachaint le teacht ar réiteach ar an ngearán trí chomhairliúcháin. Measfaidh an t-eintiteas go neamhchlaonta tráthúil aon ghearán den sórt sin ar bhealach nach ndéanann dochar do rannpháirtíocht an tsoláthróra i soláthar atá ar siúl nó soláthar a dhéanfar amach anseo ná don cheart atá aige chun bearta ceartaitheacha a lorg faoin nós imeachta athbhreithnithe riaracháin nó faoin nós imeachta athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

3. Ceadófar tréimhse ama leordhóthanach do gach soláthróir chun agóid a ullmhú agus a chur isteach, ar tréimhse í nach lú, in aon chás, ná 10 lá ón tráth a tháinig an soláthróir ar an eolas faoi bhonn na hagóide, nó ba cheart le réasún é a bheith tagtha ar an eolas faoi bhonn na hagóide.

4. Déanfaidh gach Páirtí údarás riaracháin nó údarás breithiúnach neamhchlaonta amháin ar a laghad a bhunú nó a ainmniú atá neamhspleách ar a eintitis soláthair chun agóid a dhéanfaidh soláthróir a fháil agus a athbhreithniú i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach.

5. Más comhlacht seachas údarás dá dtagraítear i mír 4 a dhéanann athbhreithniú tosaigh ar agóid, áiritheoidh an Páirtí go bhfuil an ceart ag an soláthróir an cinneadh tosaigh a achomharc os comhair údarás riaracháin nó údarás breithiúnach neamhchlaonta atá neamhspleách ar an eintiteas soláthair arb é a sholáthar is ábhar don agóid.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh cinntí ó chomhlacht athbhreithnithe nach cúirt iad faoi réir athbhreithniú breithiúnach nó go mbeidh nósanna imeachta ag an gcomhlacht athbhreithnithe lena bhforáiltear maidir leis an méid seo a leanas:

(a) go dtabharfaidh an t-eintiteas soláthair freagra i scríbhinn ar an agóid agus go nochtfaidh sé na doiciméid ábhartha uile don chomhlacht athbhreithnithe;

(b) go bhfuil sé de cheart ag na rannpháirtithe sna himeachtaí (dá ngairtear 'na rannpháirtithe' anseo feasta) éisteacht a fháil sula ndéanfar cinneadh an chomhlachta athbhreithnithe ar agóid;

(c) go bhfuil sé de cheart ag na rannpháirtithe go ndéanfar ionadaíocht orthu agus go mbeidh duine ina dteannta;

(d) go bhfuil rochtain ag na rannpháirtithe ar na himeachtaí uile;

(e) go bhfuil sé de cheart ag na rannpháirtithe a iarraidh go dtionólfar na himeachtaí go poiblí agus go bhféadfar finnéithe a chur i láthair; agus

(f) go ndéanfaidh an comhlacht athbhreithnithe a chinntí nó a mholtaí ar bhealach tráthúil, i scríbhinn, agus go n-áireoidh sé míniú ar an mbonn a bheidh le gach cinneadh nó moladh.

7. Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta, nó coinneoidh sé ar bun iad, lena ndéantar foráil maidir le:

(a) bearta eatramhacha gasta chun deis an tsoláthróra páirt a ghlacadh sa soláthar a chaomhnú; Féadfaidh fionraí an phróisis soláthair a bheith ina toradh ar bhearta eatramhacha den sórt sin; féadfar a fhoráil leis na nósanna imeachta go bhféadfar iarmhairtí díobhálacha sáraitheacha do na leasanna lena mbaineann, lena n-áirítear leas an phobail, a chur san áireamh agus é á chinneadh ar cheart bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm; soláthrófar cúis chóir, i scríbhinn, le gan gníomh a dhéanamh; agus

(b) i gcás ina gcinneann comhlacht athbhreithnithe go ndearnadh sárú nó mainneachtain dá dtagraítear i mír 1, go ndearnadh gníomh ceartaitheach nó cúiteamh as an gcaillteanas nó as an damáiste a fulaingíodh, rud a d'fhéadfadh a bheith teoranta do na costais as ullmhú na tairisceana nó do na costais a bhaineann leis an agóid, nó don dá rud.

Airteagal 28.20

Modhnuithe agus ceartúcháin ar chumhdach

1. Féadfaidh an Páirtí AE Iarscríbhinn 28-A a mhodhnú nó a cheartú agus féadfaidh an tSile Iarscríbhinn 28-B a mhodhnú nó a cheartú.

Modhnuithe

2. Má tá sé ar intinn ag Páirtí a Iarscríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a mhodhnú, déanfaidh an Páirtí sin an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí eile; agus

(b) áireoidh sé san fhógra togra le haghaidh coigeartuithe cúiteacha iomchuí le haghaidh an Pháirtí eile chun leibhéal cumhdaigh a choinneáil ar bun atá inchomparáide leis an leibhéal sin a bhí ann cheana roimh an modhnú.

3. D'ainneoin fomhír (b) de mhír 2 den Airteagal seo, ní gá do Pháirtí coigeartuithe cúiteacha a sholáthar má chumhdaítear eintiteas leis an modhnú ar dhíothaigh an Páirtí go héifeachtach a rialú nó an tionchar a bhíodh aige air. Glactar leis go bhfuil rialú nó tionchar rialtais ar sholáthar eintiteas faoi chumhdach a liostaítear i Ranna A, B nó C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B díothaithe go héifeachtach, a mhéid a bhaineann le soláthar an eintitis, i gcás ina bhfuil an t-eintiteas neamhchosanta ar iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil an rochtain orthu srianta.

4. Má thugann Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi mhír 2 faoi mhodhnú a bheartaítear a dhéanamh ar a Iarscríbhinn, déanfaidh an Páirtí eile agóid i scríbhinn má dhíospóideann sé:

(a) go bhfuil coigeartú a bheartaítear faoi fhomhír (b) de mhír 2 leordhóthanach chun leibhéal inchomparáide cumhdaigh arna chomhaontú go frithpháirteach a choinneáil ar bun; nó

(b) cumhdaítear leis an modhnú eintiteas ar tháinig deireadh le rialú nó tionchar an Pháirtí air i gcomhréir le mír 3.

Déanfaidh an Páirtí eile aon agóid i scríbhinn faoin mír seo a chur isteach laistigh de 45 lá ón bhfógra dá dtagraítear i bhfomhír (a) de mhír 2 den Airteagal seo a fháil. Mura ndéanfadh an Páirtí sin aon agóid i scríbhinn laistigh den tréimhse sin, measfar gur ghlac sé leis an gcoigeartú nó leis an modhnú, lena n-áirítear chun críocha Theideal I de Chaibidil 38.

Ceartúcháin

5. Maidir leis na hathruithe seo a leanas ar Iarscríbhinn 28-A nó 28-B, measfaidh na Páirtithe gur ceartúchán de chineál foirmiúil amháin iad, ar choinníoll nach ndéanfar difear leo don chumhdach a comhaontaíodh go frithpháirteach agus dá bhforáiltear sa Chaibidil seo:

(a) athrú ar ainm eintitis;

(b) cumasc dhá eintiteas nó níos mó a liostaítear i Roinn A, B nó C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B;

(c) deighilt eintitis a liostaítear i Roinn A, B nó C d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B ina dhá eintiteas nó níos mó agus a chuirtear go léir leis na heintitis a liostaítear sa Roinn chéanna d'Iarscríbhinn 28-A nó 28-B.

6. Má mholann Páirtí go gceartófaí Iarscríbhinn 28-A nó Iarscríbhinn 28-B faoi seach, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile gach dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

7. Féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi agóid in aghaidh ceartúchán atá beartaithe laistigh de 45 lá ón bhfógra a bheith faighte aige. Má chuireann Páirtí agóid isteach, leagfaidh sé amach na cúiseanna a gcreideann sé nach athrú dá bhforáiltear i mír 5 é an ceartúchán a bheartaítear, agus tabharfaidh sé tuairisc ar éifeacht an cheartúcháin a bheartaítear ar an gcumhdach arna chomhaontú go frithpháirteach dá bhforáiltear sa Chaibidil seo. Mura gcuirfear isteach agóid den sórt sin i scríbhinn laistigh de 45 ón bhfógra a fháil, measfar go bhfuil toilithe ag an bPáirtí leis an gceartúchán a bheartaítear.

Comhairliúcháin agus réiteach díospóidí

8. Má dhéanann an Páirtí eile agóid in aghaidh an mhodhnaithe nó an cheartúcháin bheartaithe laistigh de 45 lá, féachfaidh na Páirtithe leis an gceist a réiteach trí chomhairliúcháin tar éis an fógra a fháil. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú laistigh de 60 lá tar éis dó an agóid a fháil, féadfaidh an Páirtí atá ag iarraidh a Iarscríbhinn a mhodhnú nó a cheartú an t-ábhar a tharchur chuig an nós imeachta um réiteach díospóidí faoin gCuid seo den Chomhaontú seo. Ní bheidh éifeacht leis an modhnú nó leis an gceartú atá beartaithe ach amháin i gcás ina mbeidh an dá Pháirtí tar éis comhaontú ina leith nó ar bhonn cinnidh chríochnaithigh de bhun an nós imeachta dá bhforáiltear i gCaibidil 38.

9. Más rud é nach dtagtar ar chomhaontú sa nós imeachta comhairliúcháin faoi mhír 8 den Airteagal seo, ní dhíolmhaítear na Páirtithe ón oibleagáid comhairliúcháin a dhéanamh faoi Chaibidil 38.

Airteagal 28.21

An Fochoiste um Sholáthar Poiblí

Arna iarraidh sin do Pháirtí, tiocfaidh an Fochoiste um Sholáthar Poiblí ('Fochoiste') arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1) le chéile chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme agus oibriú na Caibidle seo, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) saincheisteanna maidir le soláthar poiblí arna dtarchur chuige ag Páirtí;

(b) faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí comhair a dhéanann na Páirtithe dá bhforáiltear in Airteagal 28.23;

(c) rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide i soláthar faoi chumhdach dá bhforáiltear in Airteagal 28.22 a éascú; agus

(d) plé ar stádas chur chun feidhme an phointe rochtana aonair faoi Airteagal 28.6(7).

Airteagal 28.22

Rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide a éascú

1. Aithníonn na Páirtithe an rannchuidiú tábhachtach is féidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (dá ngairtear 'FBManna' anseo feasta) a dhéanamh le fás eacnamaíoch agus le fostaíocht, agus aithníonn siad a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht FBManna i soláthar poiblí a éascú.

2. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le ríomhsholáthar chun rannpháirtíocht FBManna i nósanna imeachta soláthair a éascú trí thrédhearcacht a áirithiú.

3. Ina theannta sin aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhaontais ghnó idir soláthróirí gach Páirtí, agus go háirithe idir FBManna, lena n-áirítear rannpháirtíocht chomhpháirteach i nósanna imeachta tairisceana.

4. Féadfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a sholáthar a bhaineann lena mbearta a úsáidtear chun rannpháirtíocht FBManna i soláthar poiblí a rannchuidiú, a chur chun cinn, a spreagadh nó a éascú;

(b) comhoibriú chun sásraí a fhorbairt chun faisnéis a sholáthar do FBManna maidir leis na modhanna chun páirt a ghlacadh i soláthar faoi chumhdach faoin gCaibidil seo.

5. Chun rannpháirtíocht FBManna i soláthar faoi chumhdach a éascú, déanfaidh gach Páirtí, a mhéid is féidir:

(a) sainmhíniú ar FBManna a sholáthar i dtairseach leictreonach;

(b) féachaint le gach doiciméad tairisceana a chur ar fáil saor in aisce;

(c) aon bheart eile a dhéanamh atá ceaptha rannpháirtíocht FBManna i soláthar poiblí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a éascú, ar choinníoll nach ndéantar idirdhealú leis na bearta sin i gcoinne fhiontair an Pháirtí eile.

Airteagal 28.23

Comhar

1. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall chun gníomhaíochtaí comhair a fhorbairt d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar a gcórais soláthair poiblí faoi seach, chomh maith le rochtain níos fearr ar a margaí faoi seach, in ábhair amhail:

(a) taithí agus faisnéis a mhalartú, amhail creataí rialála, dea-chleachtais agus staidreamh;

(b) rannpháirtíocht soláthróirí i soláthar faoi chumhdach a éascú, go háirithe maidir le FBManna;

(c) úsáid modhanna leictreonacha i gcórais soláthair phoiblí a fhorbairt agus a leathnú;

(d) cumas a fhorbairt trí fhoghlaim fhrithpháirteach a chothú idir oifigigh rialtais agus baill foirne eintiteas soláthair d'fhonn forálacha na Caibidle seo a chomhlíonadh.

2. Cuirfidh na Páirtithe an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 28.21 ar an eolas faoi aon cheann de ghníomhaíocht den sórt sin.

Airteagal 28.24

Caibidlíocht bhreise

Déanfaidh an Fochoiste um Sholáthar Poiblí dá dtagraítear in Airteagal 28.21 athbhreithniú ar fheidhmiú na Caibidle seo agus, tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh sé a mholadh go molann an Comhchoiste go dtionólann na Páirtithe tuilleadh caibidlíochta d'fhonn oscailt bhreise rochtana ar an margadh a bhaint amach.

CAIBIDIL 29

FIONTAIR FAOI ÚINÉIREACHT STÁIT, FIONTAIR DÁR DEONAÍODH CEARTA NÓ PRIBHLÉIDÍ SPEISIALTA AGUS MONAPLACHTAÍ AINMNITHE

Airteagal 29.1

Raon feidhme

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi mhíreanna 1 go 3 d'Airteagal XVII de GATT 1994, faoin doiciméad dar teideal Tuiscint ar Léiriú Airteagal XVII de GATT 1994 agus faoi mhíreanna 1, 2 agus 5 d'Airteagal VIII de GATS.

2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontar ar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta dó agus monaplacht ainmnithe a ghabhann do ghníomhaíochtaí tráchtála. Má bhíonn eintiteas i mbun gníomhaíochtaí tráchtála agus neamhthráchtála araon ([95]), ní chumhdaítear ach na gníomhaíochtaí tráchtála leis an gCaibidil seo.

3. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dár deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplachtaí ainmnithe ar na leibhéil rialtais uile.

4. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le soláthar earra nó seirbhíse ag Páirtí, ar earra nó seirbhís é a cheannaítear chun críocha rialtais agus ní d'fhonn athdhíol a dhéanamh ar bhonn tráchtála ná i ndáil le hearra nó seirbhís a sholáthar le haghaidh díol ar bhonn tráchtála, cé acu is 'soláthar cumhdaithe' é an soláthar sin nó nach ea mar a shainmhínítear in Airteagal 28.2.

5. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon seirbhís arna soláthar i bhfeidhmiú údaráis rialtais.

6. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dár deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe i gcásanna más amhlaidh, in aon cheann de na 3 bliana fhioscacha as a chéile roimhe sin, gur lú ná 100 milliún de Chearta Tarraingthe Speisialta (SDRanna) an t-ioncam bliantúil a díorthaíodh ó ghníomhaíochtaí tráchtála an eintitis ([96]).

7. Níl feidhm ag Airteagal 29.4 maidir le hearnálacha seirbhísí nach dtagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

8. Níl feidhm ag Airteagal 29.4 a mhéid a dhéanann fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar ar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta dó nó monaplacht ainmnithe de chuid Páirtí earraí nó seirbhísí a cheannach agus a dhíol de bhun:

(a) aon bheart neamh-chomhréireach atá ann cheana, a dhéanfaidh an Páirtí a choinneáil ar bun, leanúint de, a athnuachan nó a leasú i gcomhréir le hAirteagal 17.14, 18.8 nó 25.10 mar a leagtar amach ina Sceideal in Iarscríbhinn 17-A; nó

(b) aon bheart neamh-chomhréireach, ar beart é a ghlacfaidh nó a choinneoidh an Páirtí ar bun, i dtaca le hearnálacha, fo-earnálacha, nó gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 17.14, 18.8 nó25.10 mar a leagtar amach ina Sceideal in Iarscríbhinn 17-B.

Airteagal 29.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinn 29:

(a) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí tráchtála' gníomhaíochtaí a ghabhann fiontar de láimh, arb é an toradh deiridh orthu earra a tháirgeadh nó seirbhís a sholáthar a bheidh le díol sa mhargadh ábhartha i gcainníochtaí agus de réir praghsanna a chinnfidh an fiontar, agus a ngabhtar de láimh iad chun brabús ([97]) a dhéanamh;

([95]) D'fhéadfaí a áireamh le gníomhaíochtaí neamhthráchtála sainordú seirbhíse poiblí dlisteanach a dhéanamh nó aon ghníomhaíocht a bhfuil gaol díreach aici le cosaint náisiúnta nó slándáil phoiblí a sholáthar.

([96]) Le linn na gcéad 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh an tairseach faoi bhun 200 milliún SDR.

([97]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, eisiatar le 'gníomhaíochtaí tráchtála' gníomhaíochtaí a ghabhann fiontar de láimh, a fheidhmíonn ar bhonn neamhbhrabúis; nó a fheidhmíonn ar bhonn gnóthú costas.

(b) ciallaíonn 'breithnithe tráchtála' breithnithe maidir le praghas, cáilíocht, infhaighteacht, indíoltacht, iompar agus téarmaí agus coinníollacha eile ceannaigh nó díola, nó maidir le tosca eile a chuirfí san áireamh de ghnáth i gcinntí tráchtála de chuid fiontar atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibríonn de réir phrionsabail an gheilleagair mhargaidh sa ghnó nó sa tionscal ábhartha;

(c) ciallaíonn 'ainmniú' monaplacht a bhunú nó a údarú, nó raon feidhme monaplachta a leathnú chun earra nó seirbhís bhreise a chumhdach;

(d) ciallaíonn 'monaplacht ainmnithe' eintiteas, lena n-áirítear grúpa eintiteas nó gníomhaireacht rialtais a ainmnítear i margadh ábhartha i gcríoch Páirtí mar sholáthróir nó ceannaitheoir aonair earra nó seirbhíse, ach ní áirítear leis sin eintiteas ar deonaíodh ceart eisiach maoine intleachtúla dó mar gheall ar an deontas sin amháin;

(e) ciallaíonn 'fiontar ar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta dó' ([98]) aon fhiontar, poiblí nó príobháideach, ar dheonaigh Páirtí, le dlí nó le fíoras, cearta nó pribhléidí speisialta dó; deonaíonn Páirtí cearta nó pribhléidí speisialta nuair a ainmníonn sé nó nuair a theorannaíonn sé go dhá cheann nó níos mó líon na bhfiontar atá údaraithe chun earra nó seirbhís a sholáthar, agus an rialachán earnálach sonrach faoinar deonaíodh an ceart nó an phribhléid á chur san áireamh, seachas de réir critéir oibiachtúla, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha, agus dá réir sin déantar difear suntasach do chumas aon fhiontair eile an t-earra nó an tseirbhís chéanna a sholáthar sa limistéar geografach céanna faoi choinníollacha atá thar a bheith coibhéiseach;

(f) ciallaíonn 'seirbhís arna soláthar i bhfeidhmiú údaráis rialtais' seirbhís arna soláthar i bhfeidhmiú údaráis rialtais mar a shainmhínítear i mír 3(c) d'Airteagal I de GATS, lena n-áirítear mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann le GATS, más infheidhme; agus

(g) ciallaíonn 'fiontar faoi úinéireacht stáit' fiontar atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí ([99]).

Airteagal 29.3

Forálacha ginearálta

Gan dochar do chearta agus oibleagáidí Páirtí faoin gCaibidil seo, ní choisctear le haon ní sa Chaibidil seo ar Pháirtí fiontair faoi úinéireacht stáit a bhunú ná a choinneáil ar bun, monaplachtaí a ainmniú ná a choinneáil ar bun nó cearta nó pribhléidí speisialta a dheonú d'fhiontair.

Airteagal 29.4

Cóir neamh-idirdhealaitheach agus breithnithe tráchtála

1. Áiritheoidh Páirtí go ndéanfaidh gach ceann dá fhiontair faoi úinéireacht stáit, dá fhiontair dár deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus dá mhonaplacht ainmnithe an méid seo a leanas agus é ag gabhail do ghníomhaíochtaí tráchtála:

(a) go ngníomhóidh siad i gcomhréir le breithnithe tráchtála le linn dó earra nó seirbhís a cheannach nó a dhíol, seachas chun aon téarmaí sainordaithe seirbhíse poiblí, nach bhfuil ar neamhréir le pointí (b) nó (c) den mhír seo, a chomhlíonadh;

(b) agus earra nó seirbhís á ceannach aige:

(i) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'earra nó do sheirbhís a sholáthraíonn fiontar de chuid an Pháirtí eile ná mar a thugann sé d'earra dá shamhail nó do sheirbhís dá shamhail a sholáthraíonn fiontair de chuid an Pháirtí lena mbaineann; agus

(ii) tugann sé cóir d'earra nó do sheirbhís arna sholáthar nó arna soláthar ag fiontar ar infheistíocht faoi chumhdach é, mar a shainmhínítear i bhfomhír (d) d'Airteagal 17.2(1) i gcríoch an Pháirtí, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé d'earra dá shamhail nó do sheirbhís dá samhail arna sholáthar nó arna soláthar ag fiontair sa mhargadh ábhartha i gcríoch an Pháirtí ar infheistíochtaí de chuid infheisteoirí an Pháirtí sin iad; agus

([98]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní pribhléid eisiach nó speisialta inti féin ná aisti féin é ceadúnas a dheonú do líon teoranta fiontar agus acmhainn thearc á leithdháileadh i gcomhréir le critéir atá oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.

([99]) Chun úinéireacht nó rialú a bhunú, cuirfear na gnéithe ábhartha dlíthiúla agus fíorasacha uile san áireamh ar bhonn cás ar chás.

(c) agus earra nó seirbhís á díol aige:

(i) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'fhiontar de chuid an Pháirtí eile ná mar a thugann sé d'fhiontair de chuid an Pháirtí lena mbaineann; agus

(ii) tugann sé cóir d'fhiontar ar infheistíocht faoi chumhdach é, mar a shainmhínítear i bhfomhír (d) d'Airteagal 17.2(1) i gcríoch an Pháirtí sin, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé d'fhiontair sa mhargadh ábhartha i gcríoch an Pháirtí sin ar infheistíochtaí de chuid infheisteoirí an Pháirtí sin iad.

2. Le mír 1 ní choisctear ar fhiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dár deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta ná monaplachtaí ainmnithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar de réir téarmaí nó coinníollacha éagsúla, lena n-áirítear téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le praghas, ar choinníoll go mbunaítear na téarmaí nó na coinníollacha éagsúla sin i gcomhréir le breithnithe tráchtála; nó

(b) diúltú earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar, ar choinníoll go mbeidh an diúltú sin i gcomhréir le breithnithe tráchtála.

Airteagal 29.5

Creat rialála

1. Bainfidh na Páirtithe an leas is fearr is féidir as caighdeáin idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme, lena n-áirítear Treoirlínte ECFE maidir le Rialachas Corparáideach Fiontar faoi Úinéireacht Stáit, de réir mar is iomchuí.

2. Áiritheoidh gach Páirtí gur fíor an méid seo a leanas maidir le haon chomhlacht rialála nó aon chomhlacht eile a fheidhmíonn feidhm rialála a bhunaíonn sé nó a choinníonn sé ar bun:

(a) beidh sé neamhspleách ar aon cheann de na fiontair a rialálann sé agus ní bheidh sé cuntasach dóibh, chun éifeachtacht na feidhme rialála a áirithiú; agus

(b) gníomhóidh sé go neamhchlaonta ([100]) in imthosca comhchosúla i leith na bhfiontar uile a rialaíonn sé, lena n-áirítear fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dár deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe ([101]).

3. Cuirfidh gach Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin i bhfeidhm maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair ar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta dóibh agus monaplachtaí ainmnithe ar bhealach comhsheasmhach neamh-idirdhealaitheach.

Airteagal 29.6

Trédhearcacht

1. Páirtí ('an Páirtí iarrthach') a bhfuil cúis aige lena chreidiúint go bhfuil difear díobhálach á dhéanamh dá leasanna faoin gCaibidil seo de dheasca na ngníomhaíochtaí tráchtála de chuid fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontar ar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta dó nó monaplacht ainmnithe de chuid an Pháirtí eile, féadfaidh sé a iarraidh ar an bPáirtí eile sin ('an Páirtí iarrtha') faisnéis a sholáthar i scríbhinn faoi ghníomhaíochtaí tráchtála an eintitis sin a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo.

2. Áiritheoidh an Páirtí iarrthach, in iarraidh de bhun mhír 1, míniú ar an gcúis atá ag an bPáirtí sin lena chreidiúint go bhféadfadh gníomhaíochtaí an eintitis difear a dhéanamh do leasanna an Pháirtí sin faoin gCaibidil seo agus sonróidh sé an chuid den fhaisnéis a liostaítear i mír 3 atá á hiarraidh aige.

3. Soláthróidh an Páirtí iarrtha an fhaisnéis seo a leanas, i gcomhréir le míreanna 1 agus 2:

([100]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an neamhchlaontacht lena bhfeidhmíonn an comhlacht rialála a fheidhmeanna rialála, tá measúnú le déanamh air faoi threoir patrún nó cleachtas ginearálta de chuid an chomhlachta rialála sin.

([101]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le haghaidh na n-earnálacha sin inar chomhaontaigh na Páirtithe le hoibleagáidí sonracha a bhaineann leis an gcomhlacht rialála i gCaibidlí eile den Chomhaontú seo, beidh forlámhas ag na forálacha ábhartha sna Caibidlí eile sin.

(a) úinéireacht agus struchtúr vótála an eintitis, lena léirítear céatadán na scaireanna atá faoi úinéireacht charnach an Pháirtí is freagróir, a fhiontair faoi úinéireacht stáit, a fhiontar dár deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, agus céatadán na gceart vótála atá ina seilbh go carnach, san eintiteas;

(b) tuairisc ar aon scair speisialta nó ceart vótála speisialta nó ceart eile a shealbhaíonn an Páirtí, a fhiontair faoi úinéireacht stáit, a fhiontair dár deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, má tá na cearta sin éagsúil leo sin a ghabhann le scaireanna coiteanna ginearálta an eintitis;

(c) struchtúr eagraíochtúil an eintitis agus comhdhéanamh a bhoird stiúrthóirí nó comhlachta choibhéisigh;

(d) tuairisc ar cé acu de na ranna rialtais nó na comhlachtaí poiblí a rialaíonn an t-eintiteas nó a dhéanann faireachán air, tuairisc ar na ceanglais tuairiscithe a fhorchuireann na ranna rialtais nó na comhlachtaí poiblí sin air, agus cearta agus cleachtais na ranna rialtais sin nó aon chomhlachta phoiblí maidir le feidhmeannaigh shinsearacha agus comhaltaí dá mbord stiúrthóirí nó d'aon chomhlacht bainistíochta coibhéiseach a cheapadh, a bhriseadh as a phost nó luach saothair a thabhairt dóibh;

(e) ioncam bliantúil an eintitis agus sócmhainní iomlána i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana is déanaí a bhfuil faisnéis ar fáil fúithi;

(f) aon saoirseachtaí, díolúintí agus bearta gaolmhara as a dtairbhíonn an t-eintiteas faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí is faighteoir iarrata; agus

(g) aon fhaisnéis bhreise maidir leis an eintiteas atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tuarascálacha airgeadais bliantúla agus iniúchtaí tríú páirtithe.

4. Le míreanna 1, 2 agus 3 ní chuirtear de cheangal ar aon Pháirtí faisnéis rúnda a nochtadh, a mbeadh a nochtadh ar neamhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, lena gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a bheadh contrártha ar shlí eile do leas an phobail, nó a chuirfeadh i gcion leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar áirithe.

5. Mura mbeidh an fhaisnéis a iarradh ar fáil don Pháirtí iarrtha, soláthróidh an Páirtí sin na cúiseanna atá leis sin i scríbhinn don Pháirtí iarrthach.

Airteagal 29.7

Iarscríbhinn a bhaineann go sonrach le Páirtí faoi leith

1. Níl feidhm ag Airteagal 29.4 maidir le gníomhaíochtaí neamh-chomhréireacha fiontar faoi úinéireacht stáit nó monaplachtaí ainmnithe a liostaíonn Páirtí ina sceideal in Iarscríbhinn 29 i gcomhréir le téarmaí sceideal an Pháirtí.

2. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, feadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh Iarscríbhinn 29 a leasú de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1) agus in aon chás breithneoidh sé ar leasuithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn 29 laistigh de 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

CAIBIDIL 30

BEARTAS IOMAÍOCHTA

Airteagal 30.1

Prionsabail

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá iomaíocht shaor gan saobhadh i dtrádáil agus infheistíocht. Admhaíonn na Páirtithe go bhféadfadh cleachtais fhrithiomaíocha saobhadh a dhéanamh ar fheidhmiú cuí margaí agus an bonn a bhaint de shochair an léirscaoilte trádála.

Airteagal 30.2

Creat rialála

1. Déanfaidh gach Páirtí dlí na hiomaíochta a choinneáil ar bun nó a ghlacadh ag a bhfuil feidhm maidir leis na hearnálacha uile den gheilleagar ([102]) agus lena ndírítear, ar bhealach éifeachtach, ar na cleachtais seo a leanas:

(a) comhaontuithe idir fiontair, cinntí ó chomhlachais fiontar agus cleachtais chomhbheartaithe arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh;

(b) mí-úsáid ceannasachta ag fiontar amháin nó níos mó; agus

(c) cumaisc idir fiontair lena gcuirtear bac suntasach ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de dheasca ceannasacht a chruthú nó a neartú.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh gach fiontar, idir phríobháideach agus phoiblí, faoi réir dhlí na hiomaíochta dá dtagraítear i mír 1.

3. Níor cheart, le cur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta de chuid gach Páirtí bac a chur ar fheidhmíocht, sa dlí ná i bhfíoras, aon chúraim shonraigh leasa phoiblí arna sannadh do na fiontair lena mbaineann. Díolúintí ó dhlí iomaíochta Páirtí, ba cheart iad a bheith teoranta do chúramaí leasa phoiblí, teoranta don mhéid a bhfuil géarghá leis chun an cuspóir beartais phoiblí inmhianaithe a bhaint amach, agus trédhearcach.

Airteagal 30.3

Cur chun feidhme

1. Déanfaidh gach Páirtí údarás a choinneáil ar bun, ar údarás é a bheidh neamhspleách ó thaobh feidhme de agus a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm iomlán agus forfheidhmiú éifeachtach dhlí na hiomaíochta dá dtagraítear in Airteagal 30.2. agus ag a mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chuige sin.

2. Cuirfidh gach Páirtí a dhlí iomaíochta i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus na prionsabail nós imeachta cothroime agus an ceart cosanta atá ag na fiontar lena mbaineann á n-urramú aige, gan beann ar náisiúntacht ná úinéireacht na bhfiontar.

Airteagal 30.4

Comhar

1. Admhaíonn na Páirtithe gur chun a leasa choitinn é an comhar a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann lena mbeartas iomaíochta agus le forfheidhmiú an bheartais sin.

2. Chun an comhar a éascú, féadfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe faisnéis a mhalartú, faoi réir na rialacha rúndachta dá bhforáiltear ina ndlíthe agus a rialacháin faoi seach.

3. Féachfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe le comhordú a dhéanamh, a mhéid is féidir agus más iomchuí, ar a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin san iompraíocht nó sna cásanna atá mar an gcéanna nó gaolmhar.

([102]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag dlí na hiomaíochta san Aontas Eorpach maidir le hearnáil na talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán [(AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO AE L 347, 20.12.2013, lch. 671).

Airteagal 30.5

Comhairliúcháin

1. Chun comhthuiscint idir na Páirtithe a chothú, nó chun aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin go pras maidir le haon ábhar a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo ([103]). An Páirtí a iarrann comhairliúcháin, léireoidh sé, más ábhartha, conas mar a dhéanann an t-ábhar difear don trádáil nó don infheistíocht idir na Páirtithe.

2. Chun na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 a éascú, féachfaidh gach Páirtí le faisnéis neamhrúnda ábhartha a sholáthar don Pháirtí eile.

Airteagal 30.6

Gan réiteach díospóide a chur i bhfeidhm

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 31

FÓIRDHEONTAIS

Airteagal 31.1

Prionsabail

Aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh fóirdheontais a bheith deonaithe más ga iad chun cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach. Admhaíonn na Páirtithe, áfach, go bhféadfadh fóirdheontais áirithe feidhmiú ceart na margaí a shaobhadh, agus an bonn a bhaint de shochair an léirscaoilte trádála agus na hiomaíochta. Dá bhrí sin, i bprionsabal, ní dheonóidh Páirtí fóirdheontais má dhéanann siad difear diúltach, nó más dócha go ndéanfaidís difear diúltach don trádáil nó don iomaíocht idir na Páirtithe.

Airteagal 31.2

Sainmhíniú agus raon feidhme

1. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'fóirdheontas' beart lena gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1.1 de Chomhaontú SCM, gan beann ar cé acu an ndeonaítear é d'fhiontar a sholáthraíonn earraí nó d'fhiontar a sholáthraíonn seirbhísí ([104]).

2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais atá sonrach i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chomhaontú SCM.

3. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a dheonaítear d'aon fhiontar, lena n-áirítear fiontair phríobháideacha agus fiontair phoiblí.

4. Áiritheoidh gach Páirtí gur faoi réir na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo a bheidh fóirdheontais a dheonaítear d'fhiontair a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí a ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta leo a oibriú, a mhéid nach gcuirtear bac le cur i bhfeidhm na rialacha sin ar fheidhmíocht, i ndlí ná i bhfíoras, na gcúraimí áirithe a shanntar do na fiontair sin. Cúraimí a shanntar, beidh siad trédhearcach agus ní bhainfidh aon teorannú le cur i bhfeidhm na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo ná aon imeacht uaidh sin nach bhfuil gá leis chun na cúraimí sannta a bhaint amach.

5. Níl feidhm ag Airteagal 31.5 maidir le fóirdheontais a bhaineann le trádáil in earraí a chumhdaítear le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Talmhaíocht.

6. Níl feidhm ag Airteagail 31.5 ná 31.6 maidir leis an earnáil closamhairc.

([103]) Maidir leis an bPáirtí AE, is é an t-idirghabhálaí Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.
([104]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar do thoradh an idirphlé a bheidh in EDT nó i bhfóraim ilpháirtithe ghaolmhara sa todhchaí maidir leis an sainmhíniú ar fhóirdheontais le haghaidh seirbhísí.

7. Níl feidhm ag Airteagail 31.5 ná 31.6 maidir le fóirdheontais a dheonaítear mar chúnamh do dhaoine dúchasacha agus dá gcuid pobal agus iad i mbun a bhforbartha eacnamaíche ([105]). Fóirdheontais den sórt sin, beidh siad spriocdhírithe, comhréireach and trédhearcach.

8. Níl feidhm ag Airteagail 31.5 ná 31.6 maidir le fóirdheontais a dheonaítear chun an damáiste a tharla de dheasca tubaistí nádúrtha nó tarluithe eisceachtúla eile a leigheas.

9. Níl feidhm ag Airteagal 31.5 maidir le fóirdheontais a dheonaítear ar bhonn sealadach chun freagairt d'éigeandáil eacnamaíoch ([106]). Beidh na fóirdheontais den sórt sin comhréireach agus spriocdhírithe chun an éigeandáil eacnamaíoch sin a leigheas.

10. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh lena leasófar an sainmhíniú ar 'fóirdheontais' i mír 1 den Airteagal seo a mhéid a bhaineann sé le fiontair a sholáthraíonn seirbhísí, d'fhonn toradh an phlé a ionchorprú a bheidh in EDT nó i bhfóraim ilpháirtithe ghaolmhara sa todhchaí maidir leis an ábhar sin, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1).

Airteagal 31.3

Gaolmhaireacht le Comhaontú EDT

Tá feidhm ag an gCaibidil seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí Páirtí faoi Airteagal XV de GATS, faoi Airteagal XVI de GATT 1994, faoi Chomhaontú SCM agus faoin gComhaontú maidir le Talmhaíocht.

Airteagal 31.4

Trédhearcacht

1. Maidir le fóirdheontas a dheonaítear nó a choinnítear ar bun laistigh dá chríoch, cuirfidh gach Páirtí an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

(a) bunús dlí agus cuspóir an fhóirdheontais;

(b) foirm an fhóirdheontais;

(c) méid an fhóirdheontais nó an méid arna bhuiséadú don fhóirdheontas; agus

(d) más féidir, ainm fhaighteoir an fhóirdheontais.

2. Comhlíonfaidh Páirtí na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo trí bhíthin:

(a) fógra a chur isteach de bhun Airteagal 25 de Chomhaontú SCM, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo san fhógra agus go soláthrófar gach 2 bhliain ar a laghad í;

(b) fógra a chur isteach de bhun Airteagal 18 den Chomhaontú maidir le Talmhaíocht; nó

(c) foilsiú ag an bPáirtí nó thar a cheann, ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air, faoin 31 Nollaig den bhliain féilire tar éis na bliana a ndearnadh an fóirdheontas a dheonú nó a choinneáil ar bun lena linn.

([105]) Chun críocha na míre seo, tabharfar le tuiscint gur mar a shainmhínítear faoi dhlí gach Páirtí iad daoine dúchasacha agus a gcuid pobal. Maidir leis an bPáirtí AE, cumhdaítear leis an dlí dá chuid dlí an Aontais Eorpaigh mar aon le dlí gach aon cheann de na Ballstáit dá chuid.

([106]) Tabharfar le tuiscint gur teagmhas eacnamaíoch arb é is cúis le suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Páirtí a bheidh i gceist le 'éigeandáil eacnamaíoch'. Maidir leis an bPáirtí AE, tabharfar le tuiscint gurb é geilleagar an Aontais Eorpaigh nó geilleagar ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit dá chuid a bheidh i gceist le 'geilleagar Páirtí'.

Airteagal 31.5

Comhairliúcháin

1. Má mheasann Páirtí go bhfuil éifeacht dhiúltach ag fóirdheontas arna dheonú ag an bPáirtí eile ar a thrádáil nó ar iomaíocht, nó go bhféadfadh sé go mbeadh éifeacht dhiúltach aige orthu, féadfaidh an Páirtí sin ('an Páirtí iarrthach') a ábhar imní a chur in iúl don Pháirtí eile i scríbhinn ('an Páirtí is freagróir') agus comhairliúcháin ar an ábhar a iarraidh. Áireofar in iarraidh den sórt sin míniú ar an gcaoi a bhfuil éifeacht dhiúltach ag an bhfóirdheontas ar leasanna trádála an Pháirtí iarrthaigh nó ar iomaíocht nó ar an gcaoi a d'fhéadfadh sé éifeacht dhiúltach a bheith aige orthu.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an Páirtí iarrthach an fhaisnéis seo a leanas faoin bhfóirdheontas a iarraidh ar an bPáirtí is freagróir:

(a) bunús dlí agus cuspóir nó cuspóir beartais an fhóirdheontais;

(b) foirm an fhóirdheontais;

(c) dátaí agus fad an fhóirdheontais agus aon teorainn ama eile a ghabhann leis;

(d) ceanglais incháilitheachta an fhóirdheontais;

(e) an méid iomlán nó an méid bliantúil arna bhuiséadú le haghaidh an fhóirdheontais;

(f) más féidir, ainm fhaighteoir an fhóirdheontais; agus

(g) aon fhaisnéis eile lena gceadaítear measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí díobhálacha an fhóirdheontais.

3. Soláthróidh an Páirtí is freagróir an fhaisnéis i scríbhinn arna hiarraidh de bhun mhír 2 tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dháta fháil na hiarrata.

4. I gcás nach soláthraíonn an Páirtí is freagróir, ina hiomláine nó ina cuid, an fhaisnéis a iarradh de bhun mhíreanna 2 agus 3, míneoidh an Páirtí is freagróir na fáthanna leis sin i scríbhinn.

5. Tar éis don Pháirtí iarrthach an fhaisnéis a iarradh a fháil, agus tar éis na gcomhairliúchán, más rud é go measann an Páirtí iarrthach go mbaineann éifeacht dhíobhálach mhór leis an bhfóirdheontas lena mbaineann dá leasanna trádála nó don iomaíocht, nó go bhféadfadh éifeacht mhór dhíobhálach a bheith ag baint leo, déanfaidh an Páirtí is freagróir a dhícheall an éifeacht sin a dhíothú nó a íoslaghdú.

Airteagal 31.6

Fóirdheontais faoi réir coinníollacha

1. Agus na fóirdheontais seo a leanas á ndeonú aige, cuirfidh gach Páirtí coinníollacha seo a leanas i bhfeidhm:

(a) maidir le fóirdheontais trína bhfuil rialtas freagrach, go díreach nó go hindíreach, as fiachais nó dliteanais fiontar áirithe a ráthú, nach mbeidh cumhdach na bhfiachas nó na ndliteanas gan teorainn a mhéid a bhaineann le méid na bhfiachas nó na ndliteanas sin nó nach mbeidh fad na tréimhse a mbeidh an rialtas freagrach lena linn gan teorainn; agus

(b) maidir le fóirdheontais a thugtar d'fhiontair dhócmhainneacha nó anásta amhail iasachtaí agus ráthaíochta, deontais airgid, insteallta caipitil, soláthar sócmhainní faoi bhun praghsanna margaidh agus díolúintí ó cháin ag a bhfuil tréimhse ama níos faide ná 1 bhliain, go mbeidh plean athstruchtúrúcháin inchreidte ullmhaithe atá bunaithe ar thoimhdí réadúla d'fhonn a áirithiú go mbeidh na fiontair anásta nó dhócmhainneacha inmharthana go fadtéarmach an athuair, laistigh de thréimhse ama réasúnach agus an fiontar, cé is moite d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ag rannchuidiú é féin le costais an athstruchtúrúcháin.

2. Níl feidhm ag fomhír (b) de mhír 1 maidir le fóirdheontais a dheonaítear d'fhiontair mar thacaíocht shealadach leachtachta i bhfoirm ráthaíochtaí i leith iasachtaí nó iasachtaí atá teoranta don mhéid is gá ar mhaithe leis an gcuideachta anásta a choinneáil i gceann gnó agus leis sin amháin agus ar feadh an ama is gá chun plean athstruchtúrúcháin nó leachtaithe a ghlacadh.

3. Níl feidhm ag an Airteagal seo ach amháin maidir le fóirdheontais a mbíonn éifeacht dhiúltach acu ar thrádáil agus iomaíochas an Pháirtí eile nó ar dócha go mbeidh an éifeacht sin acu.

4. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le fóirdheontais:

(a) a ndeonaítear iad chun imeacht ordúil cuideachta ó mhargadh a áirithiú; nó

(b) a bhfuil a méideanna carnacha nó a mbuiséid charnacha níos lú ná SDR 170 000 in aghaidh an fhiontair i gcaitheamh tréimhse 3 bliana as a chéile.

Airteagal 31.7

Úsáid fóirdheontas

Áiritheoidh gach Páirtí nach n-úsáidfidh fiontair fóirdheontais ach le haghaidh an chuspóra beartais arna shainmhíniú go follasach agus ar lena aghaidh a deonaíodh na fóirdheontais sin ([107]).

Airteagal 31.8

Gan réiteach díospóide a chur i bhfeidhm

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir le hAirteagal 31.5(5).

Airteagal 31.9

Rúndacht

1. Nuair a bheidh faisnéis á malartú faoin gCaibidil seo acu, cuirfidh na Páirtithe san áireamh na teorainneacha a fhorchuirtear lena ndlíthe faoi seach a bhaineann le rúndacht ghairmiúil agus rúndacht ghnó agus áiritheoidh siad go gcosnófar rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile.

2. Más rud é go gcuireann Páirtí faisnéis in iúl faoin gCaibidil seo, coinneoidh an Páirtí is faighteoir rúndacht na faisnéise sin ar bun.

CAIBIDIL 32

MAOIN INTLEACHTÚIL

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 32.1

Cuspóirí

1. Is iad cuspóirí na Caibidle seo:

(a) táirgeadh agus tráchtálú earraí agus seirbhísí nuálacha cruthaitheacha i measc na bPáirtithe a éascú, rud a chuirfidh le geilleagar níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí do na Páirtithe;

(b) trádáil idir na Páirtithe a éascú agus a rialú, chomh maith le saobhadh agus bacainní ar thrádáil den sórt sin a laghdú; agus

(c) leibhéal leordhóthanach éifeachtach cosanta agus forfheidhmithe a bhaint amach i dtaobh cearta maoine intleachtúla.

([107]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, nuair atá na creataí reachtacha iomchuí agus na nósanna imeachta riaracháin curtha ar bun ag Páirtí chuige sin, meastar go gcomhlíontar an oibleagáid.

2. Tá feidhm ag na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 7 de Chomhaontú TRIPS maidir leis an gCaibidil seo, *mutatis mutandis*.

Airteagal 32.2

Raon feidhme

1. Comhlíonfaidh gach Páirtí a ghealltanais faoi na conarthaí idirnáisiúnta i réimse na maoine intleachtúla a bhfuil sé ina pháirtí iontu, lena n-áirítear Comhaontú TRIPS.

2. Leis an gCaibidil seo comhlánófar agus sonrófar tuilleadh cearta agus oibleagáidí gach Páirtí faoi Chomhaontú TRIPS agus faoi chonarthaí idirnáisiúnta eile i réimse na maoine intleachtúla.

3. Ní chuirtear bac le haon ní sa Chaibidil seo ar aon Pháirtí forálacha a dhlí a chur i bhfeidhm lena dtugtar isteach caighdeáin níos airde chun cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú, ar choinníoll go mbeidh na forálacha sin comhoiriúnach leis an gCaibidil seo. Beidh gach Páirtí saor chun modh cur chun feidhme iomchuí na Caibidle seo a chinneadh laistigh dá chóras dlí agus dá chleachtas féin.

Airteagal 32.3

Prionsabail

1. Maidir leis an gCaibidil seo, tá feidhm ag na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 8 de Chomhaontú TRIPS, *mutatis mutandis*.

2. Agus na cuspóirí beartais phoiblí is bun le córais intíre á gcur san áireamh, aithníonn na Páirtithe an gá atá ann na nithe seo a leanas a dhéanamh trína gcórais maoine intleachtúla faoi seach, agus prionsabail na trédhearcachta á urramú, agus leasanna páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear sealbhóirí ceart, úsáideoirí agus an pobal i gcoitinne, á gcur san áireamh:

(a) an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chur chun cinn; agus

(b) an scaipeadh faisnéise, eolais, teicneolaíochta, cultúir agus ealaíon a éascú

Airteagal 32.4

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 32-A, 32-B agus 32-C:

(a) ciallaíonn 'Coinbhinsiún Bheirn' Coinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint, arna dhéanamh ag Beirn an 9 Meán Fómhair 1886, agus arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979;

(b) ciallaíonn 'maoin intleachtúil' gach catagóir de chearta maoine intleachtúla a chumhdaítear le Foranna 1 go 7 de Roinn B den Chaibidil seo nó Ranna 1 go 7 de Chuid II de Chomhaontú TRIPS; áirítear le cosaint maoine intleachtúla cosaint in aghaidh iomaíocht éagórach de bhun Airteagal 10*bis* de Choinbhinsiún Pháras;

(c) ciallaíonn 'Coinbhinsiún Pháras' Coinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint, an 20 Márta 1883, arna athbhreithniú go deireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967 agus arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979;

(d) ciallaíonn 'Coinbhinsiún na Róimhe' Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Taibheoirí, Léiritheoirí Fónagram agus Eagraíochtaí Craolacháin, arna dhéanamh sa Róimh an 26 Deireadh Fómhair 1961 agus

(e) ciallaíonn 'EDMI' an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil;

Airteagal 32.5

Cóir náisiúnta

1. Maidir leis na catagóirí uile de chearta maoine intleachtúla a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, déanfaidh gach Páirtí cóireáil nach lú fabhar a thabhairt do náisiúnaigh an Pháirtí eile ná mar a thugann sé dá náisiúnaigh féin maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint ([108]), faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear cheana, faoi seach, i gCoinbhinsiún Pháras, i gCoinbhinsiún Bheirn, i gCoinbhinsiún na Róimhe nó sa Chonradh um Maoin Intleachtúil i leith Ciorcaid Chomhtháite arna dhéanamh in Washington an 26 Bealtaine 1989 agus Conradh EDMI um Thaibhithe agus Fónagraim ('WPPT') arna dhéanamh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996. Maidir le taibheoirí, táirgeoirí fónagram agus eagraíochtaí craolacháin, níl feidhm ag an oibleagáid sin ach amháin i leith na gceart dá bhforáiltear faoin gCaibidil seo.

2. Féadfaidh Páirtí leas a bhaint as na heisceachtaí a cheadaítear faoi mhír 1 i ndáil lena nósanna imeachta breithiúnacha agus riaracháin, lena n-áirítear a cheangal ar náisiúnach de chuid an Pháirtí eile seoladh a ainmniú le haghaidh seirbheáil próisis ina chríoch, nó gníomhaire a cheapadh ina chríoch, ar choinníoll, maidir le maolú den sórt sin:

(a) gur gá é lena áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin an Pháirtí lena mbaineann nach bhfuil ar neamhréir leis an gCaibidil seo; agus

(b) nach gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil.

3. Níl feidhm ag mír 1 maidir le nósanna imeachta a chuirtear ar fáil i gcomhaontuithe iltaobhacha arna gcur i gcrích faoi choimirce EDMI maidir le cearta maoine intleachtúla a fháil nó a choinneáil.

Airteagal 32.6

Maoin intleachtúil agus sláinte phoiblí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an Dearbhú maidir le Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí, arna ghlacadh in Doha an 14 Samhain 2001 ag Comhdháil Aireachta EDT ('Dearbhú Doha'). Agus na cearta agus na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo á léirmhíniú agus á gcur chun feidhme, áiritheoidh na Páirtithe comhsheasmhacht le Dearbhú Doha.

2. Cuirfidh gach Páirtí Airteagal 31*bis* de Chomhaontú TRIPS chun feidhme, chomh maith leis an Iarscríbhinn agus an Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin, a tháinig i bhfeidhm an 23 Eanáir 2017.

Airteagal 32.7

Ídiú

Ní chuirtear bac le haon ní sa Chuid seo den Chomhaontú seo ar Pháirtí ó thaobh a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag ídiú na gceart maoine intleachtúla faoina chóras dlí, agus cé na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag an ídiú sin.

([108]) Chun críocha na míre seo, áirítear le 'cosaint' ábhair a dhéanann difear d'infhaighteacht, éadáil, raon feidhme, cothabháil agus forfheidhmiú chearta maoine intleachtúla chomh maith le hábhair a dhéanann difear d'úsáid chearta maoine intleachtúla a dtugtar aghaidh orthu go sonrach sa Chaibidil seo. Thairis sin, chun críocha na míre seo, áirítear le 'cosaint' freisin bearta chun cosc a chur ar dhul timpeall ar bhearta teicneolaíochta éifeachtacha agus bearta a bhaineann le faisnéis bainistithe ceart.

ROINN B

CAIGHDEÁIN MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA

FOROINN 1

CÓIPCHEART AGUS CEARTA GAOLMHARA

Airteagal 32.8

Comhaontuithe idirnáisiúnta

1. Dearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanas i dtaobh na gCoinbhinsiún agus na gConarthaí seo a leanas agus comhlíonfaidh sé:

(a) Coinbhinsiún Bheirn;

(b) Coinbhinsiún na Róimhe;

(c) Conradh EDMI um Chóipcheart ('WCT') arna dhéanamh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996;

(d) Conradh EDMI um Thaibhithe agus Fónagraim (WPPT); agus

(e) Conradh Marrakech maidir le Rochtain ar Shaothair Fhoilsithe a Éascú do Dhaoine Dalla, do Dhaoine Lagamhairc nó Dóibh Siúd atá faoi Mhíchumas Léitheoireachta Cló ar aon Bhealach Eile, arna dhéanamh in Marrakesh an 27 Meitheamh 2013.

2. Déanfaidh gach Páirtí iarracht réasúnach Conradh Bhéising maidir le Taibhithe Closamhairc, arna ghlacadh i mBéising an 24 Meitheamh 2012, a dhaingniú nó aontú dó.

Airteagal 32.9

Údair

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'údair chun na nithe a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar a gcuid oibre;

(b) aon chineál scaipeadh ar an bpobal tríd an leagan bunaidh dá gcuid saothar, nó cóipeanna de, a dhíol nó ar bhealach eile;

(c) aon chás ina gcuirtear a gcuid saothar in iúl don phobal trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus

(d) bunleaganacha nó cóipeanna dá gcuid ríomhchlár nó saothar cineamatagraif a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

Airteagal 32.10

Taibheoirí

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do thaibheoirí chun na nithe a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) fosú ([109]) a dtaibhithe;

(b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar fhosú a dtaibhithe;

([109]) Ciallaíonn an téarma 'fosú' corprú fuaimeanna, nó corprú léirithe orthu, óna bhféadtar iad a bhrath, a atáirgeadh nó a chur in iúl trí ghaireas.

(c) fosú a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trína ndíol nó ar shlí eile;

(d) fosú a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus

(e) a dtaibhithe a chraoladh ar mhodh gan sreang leis an bpobal, ach amháin i gcás inar taibhiú craolta cheana an taibhiú nó ina ndéantar é ó fhosú;

Airteagal 32.11

Táirgeoirí fónagram

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do tháirgeoirí fónagram chun na nithe a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar a gcuid fónagram;

(b) dáileadh a gcuid fónagram ar an bpobal, trína ndíol nó trí aistriú úinéireachta eile, lena n-áirítear cóipeanna díobh;

(c) a gcuid fónagram a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus

(d) a gcuid fónagram a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

Airteagal 32.12

Eagraíochtaí craoltóireachta

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'eagraíochtaí craoltóireachta na nithe a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) fosú a gcraoltaí arna dtarchur trí mhodh gan sreang;

(b) atáirgeadh díreach nó indíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar fhosuithe a gcraoltaí arna dtarchur trí mhodh gan sreang; agus

(c) a gcraoltaí a athchraoladh trí mheán gan sreang, chomh maith lena gcraoltaí a chur in iúl don phobal ([110]) má dhéantar an chumarsáid sin in áiteanna a bhfuil rochtain ag an bpobal air ar tháille iontrála a íoc.

Airteagal 32.13

Fónagraim a foilsíodh ar chúiseanna tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal ([111])

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le ceart chun a áirithiú go n-íocfaidh an t-úsáideoir luach saothair cothromasach aonair le taibhithe agus táirgeoirí fónagram, má úsáidtear fónagram a fhoilsítear chun críocha tráchtála, nó atáirgeadh ar fhónagram den sórt sin, le haghaidh craoladh nó cumarsáid leis an bpobal ([112]).

2. Áiritheoidh gach Páirtí go roinnfear an luach saothair cothromasach aonair dá dtagraítear i mír 1 idir na taibheoirí ábhartha agus na táirgeoirí fónagram. Féadfaidh gach Páirtí reachtaíocht a achtú a dhéanfaidh, in éagmais comhaontú idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagraim, na téarmaí a shocrú ar dá réir a chomhroinnfidh taibheoirí agus táirgeoirí fónagraim an luach saothair cothromasach aonair.

([110]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl aon ní sa mhír seo lena gcuirfear bac ar Pháirtí na coinníollacha a chinneadh faoinar féidir an ceart sin a fheidhmiú, i gcomhréir le hAirteagal 13(d) de Choinbhinsiún na Róimhe.

([111]) Féadfaidh gach Páirtí cearta níos fairsinge, i dtaca le fónagraim a foilsíodh ar chúiseanna tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal, a dheonú do thaibheoirí agus do léiritheoirí fónagram.

([112]) Chun críocha an Airteagail seo, ní áirítear le 'cumarsáid leis an bpobal' fónagram a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang, ar bhealach trína bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil ar an bhfónagram ó áit agus ag am dá rogha féin go haonarach.

Airteagal 32.14

Téarma cosanta

1. Mairfidh cearta údair i leith saothair ar feadh shaol an údair agus ar feadh tréimhse nach lú ná 70 bliain tar éis bhás an údair, gan beann ar an dáta a chuirtear an saothar ar fáil go dleathach don phobal ([113]).

2. I gcás saothar ag a bhfuil comhúdair, ríomhfar an téarma cosanta dá bhforáiltear i mír 1 ó bhás an údair mharthanaigh deiridh.

3. I gcás saothair gan ainm nó a bhfuil ainm cleite leo, mairfidh an téarma cosanta nach lú ná 70 bliain tar éis an dáta ar a gcuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal. Mura bhfuil amhras ar bith ann, áfach, faoi chéannacht an údair a bhuí leis an ainm cleite a ghlac an t-údar, nó má nochtann an t-údar a chéannacht le linn na tréimhse dá dtagraítear sa mhír seo, is é an téarma cosanta a bheidh infheidhme an téarma cosanta dá bhforáiltear i mír 1.

4. Rachaidh an téarma cosanta do shaothair chineamatagraif nó chlosamhairc in éag ar dháta nach luaithe ná 70 bliain tar éis dháta bhás an údair deiridh a mhair. Is faoi dhlíthe agus rialacháin na bPáirtithe a chinnfear na daoine a bheidh le meas mar údair de shaothar cineamatagraif nó closamhairc.

5. Rachaidh cearta eagraíochtaí craoltóireachta in éag 50 bliain tar éis an dáta a chraoltar craolachán den chéad uair.

6. Rachaidh cearta taibheoirí in éag ar dháta nach luaithe ná 50 bliain tar dháta fhosú an taibhithe; mar sin féin:

(a) má dhéantar fosú an taibhithe a fhoilsiú go dleathach nó, i gcás ina bhforálann Páirtí dó sin, a chur in iúl go dleathach don phobal laistigh den tréimhse 50 bliain dá dtagraítear sa mhír seo, déanfar an téarma cosanta a ríomh ón dáta a foilsíodh den chéad uair é nó, i gcás ina bhforálann Páirtí dó sin, ón dáta a cuireadh in iúl don phobal den chéad uair é; i gcás ina ndéanann Páirtí foráil don dá fhéidearthacht, déanfar an téarma cosanta a ríomh ó pé tarlúint is túisce; agus

(b) má dhéantar fosú an taibhithe i bhfónagram a fhoilsiú go dleathach nó, i gcás ina bhforálann Páirtí dó sin, a chur in iúl go dleathach don phobal laistigh den tréimhse 50 bliain dá dtagraítear sa mhír seo, rachaidh an téarma cosanta in éag ar dháta nach luaithe ná 70 bliain tar éis an dáta a foilsíodh an fosú den chéad uair nó, i gcás ina bhforálann Páirtí dó sin, ón dáta a cuireadh in iúl don phobal den chéad uair é; i gcás ina ndéanann Páirtí foráil don dá fhéidearthacht, déanfar an téarma cosanta a ríomh ón tarlúint is túisce.

7. Rachaidh cearta táirgeoirí fónagram in éag ar dháta nach luaithe na 50 bliain tar éis don fhosú a bheith déanta. Má dhéantar an fónagram a fhoilsiú go dleathach, áfach, nó, i gcás ina bhforálann Páirtí dó sin, a chur in iúl go dleathach don phobal laistigh den tréimhse sin, rachaidh na cearta sin in éag ar dháta nach luaithe ná 70 bliain ó dháta an chéad fhoilsithe den sórt sin nó, i gcás ina bhforálann an Páirtí dó sin, ón dáta a cuireadh in iúl don phobal é. Féadfaidh na Páirtithe bearta éifeachtacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena áirithiú go ndéanfar an brabús a ghintear le linn 20 bliain cosanta tar éis 50 bliain a chomhroinnt go cothrom idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram.

Airteagal 32.15

Ceart athdhíola

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil, ar mhaithe le húdar bunsaothair ealaíne grafaice nó plaistí, maidir le 'ceart athdhíola', a bheidh le sainmhíniú mar cheart doshannta, nach féidir a tharscaoileadh, fiú roimh ré, maidir le ríchíos a fháil bunaithe ar an bpraghas díola a fhaightear, ar aon athdhíol ar an obair sin, tar éis an chéad uair a d'aistrigh an t-údar an saothar ([114]).

2. Beidh feidhm ag an gceart dá dtagraítear in mír 1 maidir leis na gníomhaíochtaí athdhíola ar fad lena bhfuil baint ag díoltóirí, ceannaithe nó idirghabhálaithe, gairmithe sa mhargadh ealaíne, ar nós seomraí díolachán, dánlanna agus, go ginearálta, aon déileálaí i saothair ealaíne.

3. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag an gceart athdhíola dá dtagraítear i mír 1 maidir le gníomhartha athdhíola ina bhfuair an díoltóir an saothar go díreach ón údar níos lú ná 3 bliana roimh an athdhíol sin agus nuair nach mó ná íosmhéid áirithe an praghas athdhíola.

([113]) Má sholáthraíonn Páirtí téarma cosanta speisialta i gcásanna ina n-ainmnítear duine dlítheanach mar shealbhóir an chirt, mairfidh an téarma cosanta ar feadh tréimhse nach lú ná 70 bliain tar éis don saothar a bheith curtha ar fáil go dleathach don phobal.

([114]) D'ainneoin an Airteagail seo, maidir leis an tSile, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag mír 1 d'Airteagal 36 de Dhlí Uimh. 17.366 an 28 Lúnasa 1970 i gcónaí, mar a leasaítear é le Dlí Uimh. 21.045 an 13 Deireadh Fómhair 2017 maidir le ríomh na ndleacht.

Airteagal 32.16

Bainistiú ar chearta comhchoiteann

1. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn comhar idir a n-eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne faoi seach chun críche infhaighteacht saothar agus ábhair chosanta eile i gcríocha na bPáirtithe a chothú, agus aistriú ioncaim ó chearta idir na heagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne faoi seach i dtaca le húsáid na saothar sin nó ábhair chosanta eile.

2. Cuirfidh na Páirtithe trédhearcacht eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne chun cinn, go háirithe i dtaca le cearta ioncaim a bhailíonn siad, asbhaintí a chuireann siad i bhfeidhm maidir le cearta ioncaim a bhailíonn siad, an úsáid a bhaintear as cearta ioncaim a bhailítear, an beartas leithdháilte agus a raon.

3. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le heagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne atá bunaithe ina chríoch agus a dhéanann ionadaíocht ar eagraíocht bainistíochta comhchoitinne eile atá bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile trí bhíthin comhaontú ionadaíochta go ndéanfar na heagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne sin a spreagadh chun na méideanna a íoc go cruinn, go tráthrialta agus go dícheallach leis an eagraíocht bainistíochta comhchoitinne a ndéantar ionadaíocht uirthi agus go ndéanfar iad a spreagadh chun faisnéis a sholáthar don eagraíocht bainistíochta comhchoitinne a ndéantar ionadaíocht uirthi chomh maith le faisnéis faoin méid ceart ioncaim a bhailítear thar a ceann agus faoi aon asbhaintí ón ioncam sin ó chearta.

Airteagal 32.17

Teorainneacha agus eisceachtaí

Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le teorainneacha nó eisceachtaí i dtaobh na gceart a leagtar amach in Airteagail 32.9 go 32.13 i gcásanna speisialta áirithe nach bhfuil i gcoimhlint le gnáth-shaothrú na hoibre nó ábhair eile agus nach ndéantar dochar go neamhréasúnach leo do leasanna dlisteanacha shealbhóirí an chirt.

Airteagal 32.18

Bearta teicneolaíocha a chosaint

1. Cuirfidh gach Páirtí cosaint dlí leordhóthanach ar fáil in aghaidh dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach a dhéanann an duine lena mbaineann agus a fhios aige, nó forais réasúnacha aige a fhios a bheith aige, go bhfuil an duine ag gabháil don chuspóir sin.

2. Cuirfidh gach Páirtí cosaint dlí leordhóthanach ar fáil i gcoinne feistí, táirgí nó comhpháirteanna a mhonarú, a iompórtáil, a dháileadh, a dhíol, a fhógairt iad a bheith ar díol nó ar cíos, nó seilbh a fháil chun críocha tráchtála ar ghairis, táirgí nó comhpháirteanna, nó seirbhísí a sholáthar:

(a) a chuirtear chun cinn, a fhógraítear nó a mhargaítear chun dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach;

(b) nach bhfuil ach cuspóir teoranta nó úsáid theoranta acu atá suntasach ó thaobh na tráchtála de seachas dul timpeall ar bheart éifeachtach teicneolaíoch; nó

(c) a dheartar, a tháirgtear, a chuirtear in oiriúint nó a fheidhmítear go príomha chun dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach a chumasú nó a éascú.

3. Chun críocha na bhForanna seo, ciallaíonn 'beart teicneolaíochta', aon teicneolaíocht, aon ghaireas, nó aon chomhpháirt a cheaptar, arna oibriú sa ghnáthchúrsa, chun gníomhartha a chosc nó a shrianadh, i leith saothar nó ábhair eile ([115]), nach bhfuil údaraithe ag sealbhóir cirt aon chóipchirt nó aon chirt ghaolmhair, mar a fhoráiltear dó le dlí Páirtí. Measfar bearta teicneolaíocha a bheith 'éifeachtach' i gcás ina rialaíonn na sealbhóirí cirt úsáid saothair faoi chosaint nó úsáid ábhair eile trí rialú rochtana nó próiseas cosanta a chur i bhfeidhm, amhail criptiú, scrobhadh nó claochlú eile an tsaothair nó ábhair eile, nó meicníocht um rialú cóipeanna a bhaineann cuspóir na cosanta sin amach.

([115]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag 'saothair nó ábhar eile' maidir le saothair nó ábhar eile a bhfuil an téarma cosanta ina leith tar éis dul in éag.

4. D'ainneoin na cosanta dlíthiúla dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, in éagmais bearta deonacha arna ndéanamh ag na sealbhóirí cirt, féadfaidh gach Páirtí bearta iomchuí a dhéanamh, de réir mar is gá, lena áirithiú, maidir leis an gcosaint dhlíthiúil leordhóthanach ar dhul timpeall ar bhearta teicneolaíochta éifeachtacha dá bhforáiltear i gcomhréir leis an Airteagal seo, nach gcuirfidh sí cosc ar thairbhithe eisceachtaí nó teorainneacha dá ndéantar foráil i gcomhréir le hAirteagal 32.17 leas a bhaint as eisceachtaí nó teorainneacha den sórt sin.

Airteagal 32.19

Oibleagáidí maidir le faisnéis faoi bhainistiú na gceart

1. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leordhóthanach in aghaidh aon duine a dhéanfaidh aon cheann de na gníomhartha seo a leanas go feasach, gan údarú, más eol do dhuine den sórt sin, nó má tá foras réasúnach aige chun a bheith ar an eolas go bhfuil sé, tríd an méid sin a dhéanamh, ag spreagadh, ag cumasú, ag éascú nó ag ceilt sárú ar aon chóipcheart nó cearta gaolmhara dá bhforáiltear i ndlíthe an Pháirtí sin:

(a) faisnéis bainistithe ceart leictreonach a bhaint de nó a choigeartú; agus

(b) saothair nó ábhar eile a chosnaítear faoin bhForoinn seo ar baineadh faisnéis bainistíochta ceart leictreonach díobh nó ar coigeartaíodh an fhaisnéis sin gan údarú, a dháileadh, nó a allmhairiú lena ndáileadh, a chraoladh, a chur in iúl nó a chur ar fáil don phobal.

2. Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn 'faisnéis bainistíochta ceart' aon fhaisnéis a chuireann sealbhóirí cirt ar fáil, lena n-aithnítear an saothar nó ábhar eile dá dtagraítear san Airteagal seo, an t-údar nó aon sealbhóir cirt eile, nó faisnéis maidir le téarmaí agus coinníollacha úsáide an tsaothair nó an ábhair, agus aon uimhreacha nó cóid a léiríonn an fhaisnéis sin.

3. Tá feidhm ag mír 2 má bhíonn baint ag aon cheann de na míreanna faisnéise dá dtagraítear sa mhír sin le cóip de shaothar, nó ábhar eile dá dtagraítear san Airteagal seo nó má thagann sé chun cinn agus an saothar nó an t-ábhar sin á chur in iúl don phobal.

FOROINN 2

TRÁDMHARCANNA

Airteagal 32.20

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí:

(a) an Prótacal a bhaineann le Comhaontú Mhaidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta Marcanna, arna ghlacadh i Maidrid an 27 Meitheamh 1989, arna leasú go deireanach an 12 Samhain 2007, a chomhlíonadh;

(b) an Conradh um Dhlí Trádmhairc, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 27 Deireadh Fómhair 1994 agus Comhaontú Nice a Bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna, an 15 Meitheamh 1957, arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979, a chomhlíonadh; agus

(c) gach iarracht réasúnach a dhéanamh aontú do Chonradh Singeapór ar Dhlí na dTrádmharcanna, arna dhéanamh i Singeapór an 27 Márta 2006.

Airteagal 32.21

Na cearta a thugtar le trádmharc

Déanfaidh gach Páirtí foráil don cheart eisiach a bheith ag úinéir trádmhairc chláraithe cosc a chur ar thríú páirtithe nach bhfuil toil an úinéara acu, úsáid a bhaint, le linn dóibh trádáil a dhéanamh, as comharthaí atá comhionann nó comhchosúil leo siúd a bhfuil an trádmharc cláraithe ina leith, i gcás inar dócha go mbeadh mearbhall ann de thoradh na húsáide sin. I gcás ina n-úsáidtear comhartha comhionann le haghaidh earraí nó seirbhísí comhionanna, déanfar talamh slán de gur dócha go mbeidh mearbhall ann.

Airteagal 32.22

Nós imeachta clárúcháin

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le córas chun trádmharcanna a chlárú ina ndéanfar gach cinneadh críochnaitheach diúltach a dhéanann an riarachán trádmhairc ábhartha, lena n-áirítear diúltú páirteach chun clárú a dhéanamh, a réasúnú go hiomchuí agus a chur in iúl i scríbhinn don pháirtí ábhartha.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis an bhféidearthacht a bheith ag tríú páirtithe cur in aghaidh iarratais ar thrádmharc nó, i gcás inarb iomchuí faoin dlí dá chuid, in aghaidh clárúcháin trádmhairc. Beidh na himeachtaí freasúracha sin ina n-imeachtaí sáraíochta.

3. Cuirfidh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach ar fáil go poiblí ina bhfuil iarratais ar thrádmharc agus clárúcháin trádmhairc.

Airteagal 32.23

Trádmharcanna aitheanta

Chun críocha éifeacht a thabhairt do chosaint trádmharcanna aitheanta, dá dtagraítear in Airteagal 6*bis* de Choinbhinsiún Pháras agus Airteagal 16(2) agus (3) de Chomhaontú TRIPS, dearbhaíonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an Moladh Comhpháirteach maidir le Forálacha i ndáil le Cosaint Marcanna Aitheanta, a ghlac Comhthionól Aontas Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint agus Comhthionól Ginearálta EDMI ag an 34ú Sraith de Chruinnithe Chomhthionóil Bhallstáit EDMI ón 20 go dtí an 29 Meán Fómhair 1999.

Airteagal 32.24

Eisceachtaí ar na cearta a thugtar le trádmharc

1. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) foráil maidir le húsáid chóir téarmaí tuairisciúla mar eisceacht theoranta ó na cearta a thugtar le trádmharcanna; agus

(b) foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí teoranta eile,

2. Tá feidhm ag mír 1 ar choinníoll go gcuirfear san áireamh sna heisceachtaí leasanna dlisteanacha úinéirí na dtrádmharcanna agus na dtríú páirtithe.

3. Ní bheidh an dílseánach i dteideal, mar gheall ar an trádmharc, cosc a chur ar thríú páirtí úsáid a bhaint as an méid seo a leanas i gcúrsa trádála:

(a) a ainm nó a sheoladh féin;

(b) tásca a bhaineann le cineál, cáilíocht, cainníocht, úsáid bheartaithe, luach, tionscnamh geografach, tráth táirgthe earraí nó soláthair seirbhíse, nó saintréithe eile earraí nó seirbhísí; nó

(c) an trádmharc, i gcás ina bhfuil gá le cuspóir beartaithe earra nó seirbhíse a chur in iúl, go háirithe mar ghabhálais nó páirteanna spártha,

4. Tá feidhm ag mír 3 i gcás ina bhfuil an úsáid a bhaineann an tríú páirtí as i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála ([116]).

5. Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh ionas nach dtabharfar teidlíocht don dílseánach, leis an trádmharc sin, toirmeasc a chur ar thríú páirtí ceart a bhí aige cheana a úsáid le linn trádála, ar ceart é nach bhfuil feidhm aige ach amháin i limistéar áirithe, má tá an ceart sin aitheanta i ndlí an Pháirtí sin agus laistigh de theorainneacha na críche ina n-aithnítear é.

([116]) Mar mhalairt air sin, féadfaidh Páirtí úsáid den sórt sin a bhaint ach faoi réir í a dhéanamh sa chaoi nach gcuirfí an pobal amú mar gheall uirthi nó nach mbeadh sí ina cúis le mearbhall a chruthú i measc cuid ábhartha den phobal.

Airteagal 32.25

Forais le cúlghairm a dhéanamh

1. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil go ndlífear trádmharc a chúlghairm, más rud é, laistigh de thréimhse leanúnach 5 bliana, nár baineadh fíorúsáid as an trádmharc sa chríoch ábhartha i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, agus nach ann do chúiseanna cuí maidir le neamhúsáid. Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh, áfach, ionas nach maífidh aon duine gur cheart cearta dílseánaigh i dtrádmharc a chúlghairm i gcás inar tosaíodh nó inar atosaíodh ar úsáid fhírinneach a bhaint as an trádmharc le linn na hidirlinne idir dul in éag na tréimhse 5 bliana agus comhdú an iarratais ar chúlghairm. Déanfar neamhaird, áfach, de thosú nó atosú úsáide laistigh de thréimhse trí mhí roimh chomhdú an iarratais nó na cúlghairme a thosaigh ar a luaithe ar dhul in éag na tréimhse leanúnaí cúig bliana neamhúsáide, i gcás nach dtarlaíonn na hullmhúcháin don tosú nó don atosú ach amháin tar éis don dílseánach teacht ar an eolas go bhféadfaí an t-iarratas nó an chúlghairm a chomhdú.

2. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí trádmharc a chúlghairm freisin más rud é, tar éis an dáta a cláraíodh é, mar thoradh ar ghníomhartha nó neamhghníomhaíocht an dílseánaigh, gur éirigh an trádmharc ina ghnáthainm sa trádáil ar tháirge nó ar sheirbhís a bhfuil sé cláraithe ina leith ([117]).

Airteagal 32.26

Iarratais de mheon mímhacánta

Féadfar trádmharc a dhearbhú a bheith neamhbhailí más de mheon mímhacánta a rinne an t-iarratasóir an t-iarratas ar an trádmharc a chlárú. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh freisin nach ndéanfar trádmharc den sórt sin a chlárú.

FOROINN 3

DEARAÍ ([118])

Airteagal 32.27

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí gach iarracht réasúnach chun aontú d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú na Háige i dtaca le Clárú Idirnáisiúnta Dearaí Tionscail, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 2 Iúil 1999.

Airteagal 32.28

Cosaint dearaí cláraithe ([119])

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le cosaint dearaí nua nó nuachumtha a cruthaíodh go neamhspleách ([120]). Is le clárú a sholáthrófar an chosaint sin agus a bhronnfar ceart eisiach ar a sealbhóir i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

2. Beidh an ceart ag sealbhóir dearaidh chláraithe cosc a chur ar thríú páirtithe, nach bhfuil toiliú an tsealbhóra ar a laghad acu, an táirge ar a bhfuil an dearadh atá faoi chosaint agus ina n-ionchorpraítear é a dhéanamh, a dhíol, a allmhairiú, a onnmhairiú, nó úsáid a bhaint as earraí ar a bhfuil an dearadh atá faoi chosaint agus ina n-ionchorpraítear é, i gcás ina ndéantar na gníomhartha sin chun críocha tráchtála, ina ndéantar dochar go mícheart do ghnáth-shaothrú an dearaidh mar gheall orthu, nó nach bhfuil siad comhoiriúnach le cleachtas na trádála córa.

([117]) D'fhéadfadh sé go ndéanfaí trádmharc a chúlghairm freisin más rud é, tar éis an dáta a cláraíodh é, mar thoradh ar an úsáid a bhain dílseánach an trádmhairc as nó mar thoradh ar an úsáid a baineadh as le toiliú an dílseánaigh i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, go bhféadfadh sé go gcuirfí an pobal amú, go háirithe maidir le cineál, cáilíocht nó tionscnamh geografach na n-earraí nó na seirbhísí sin.

([118]) Tagairtí do dhearaí sa Chaibidil seo, léifear iad mar thagairtí do dhearaí tionscail.

([119]) Deonaíonn an tAontas cosaint don dearadh neamhchláraithe freisin nuair a gcomhlíontar ceanglais Rialachán (cé) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO AE L 3, 5.1.2002, lch. 1).

([120]) Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh ina chuid dlíthe ionas gur féidir gné shainiúil a cheangal freisin i ndáil le dearaí. Measann an Páirtí AE go mbíonn gné shainiúil ag roinnt le dearadh más rud é nach ionann an léiriú foriomlán a thugtar don úsáideoir eolach leis agus an léiriú foriomlán a thugtar d'úsáideoir den sórt sin le haon dearadh atá curtha ar fáil don phobal.

3. Maidir le dearadh a úsáidtear ar tháirge nó a ionchorpraítear ann arb é atá ann comhpháirt de tháirge casta, ní mheasfar gur táirge nua nó bunaidh é:

(a) ach amháin má bhíonn an chomhpháirt, tar éis í a chur isteach sa táirge ilchasta, fós le feiceáil le linn gnáthúsáid an táirge ilchasta sin; agus

(b) a mhéid a chomhlíonann na gnéithe infheicthe sin den chomhpháirt dá dtagraítear i bhfomhír (a) iontu féin an ceanglas úrnuachta agus bunúlachta.

4. Chun críocha fhomhír (a) de mhír 3, ciallaíonn 'gnáthúsáid' an úsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh as comhpháirt, gan cothabháil, seirbhísiú nó obair dheisiúcháin a áireamh.

Airteagal 32.29

Fad na cosanta

Téarma iomlán 15 bliana ar a laghad ó dháta chomhdú an iarratais a bheidh i gceist le fad na cosanta a bheidh ar fáil.

Airteagal 32.30

Eisceachtaí agus eisiaimh

1. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí teoranta ó chosaint dearaí, ar choinníoll nach bhfuil na dearaí sin ar neamhréir go míréasúnach le gnáthshaothrú dearaí cosanta agus nach ndéantar leo dochar míréasúnach do leasanna dlisteanacha shealbhóir an dearaidh chosanta, agus leasanna dlisteanacha tríú páirtithe á gcur san áireamh.

2. Ní leathnófar cosaint dearaidh chun dearaí a chumhdach ar faoi réir gnéithe teicniúla nó feidhmiúla a leagtar síos iad tríd is tríd.

3. Ní bhronnfar le dearadh cearta i ndáil le gnéithe den chuma is gá a atáirgeadh go cruinn ó thaobh déanaimh agus toisí de ionas gur féidir leis an táirge a bhfuil an dearadh ionchorpraithe ann, nó a bhfuil sé le cur i bhfeidhm air, a cheangal go meicniúil le táirge eile, nó a chur isteach i dtáirge eile, nó timpeall air, nó ina choinne, ionas gur féidir le ceachtar den dá tháirge a fheidhm féin a chur de.

4. De mhaolú ar mhír 3, d'fhéadfadh ceart i leith dearaidh a bheith ar marthain i ndearadh a bhfuil de chuspóir aige táirgí comh-inmhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach.

Airteagal 32.31

Nasc le cóipcheart

Beidh dearadh incháilithe do chosaint faoi dhlí an chóipchirt de chuid Páirtí freisin amhail ón dáta a cruthaíodh nó a fosaíodh an dearadh in aon fhoirm. Cinnfidh gach Páirtí a mhéid a thabharfar cosaint den sórt sin, lena n-áirítear an leibhéal úrnuachta is gá, agus na coinníollacha faoina dtabharfar cosaint den sórt sin.

FOROINN 4

TÁSCA GEOGRAFACHA

Airteagal 32.32

Sainmhíniú agus raon feidhme

1. Chun críocha na Coda seo den Chomhaontú seo ciallaíonn 'tásc geografach' tásc lena sainaithnítear earra mar earra de thionscnamh críche Páirtí, nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair ina chríoch, i gcás ina mbeidh cáilíocht, clú nó saintréith eile áirithe den earra sin inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh.

2. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le tásca geografacha lena sainaithnítear na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn 32-C.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad a machnamh, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ar raon feidhme tásc geografach a chumhdaítear san Fhoroinn seo a leathnú chuig cineálacha eile táirgí nach bhfuil cumhdaithe le mír 2, agus i gcás lámhcheirdeanna áirithe, trí fhorbairtí reachtacha a bhaineann leis na Páirtithe a chur san áireamh.

4. Déanfaidh Páirtí tásca geografacha an Pháirtí eile a chosaint, i gcomhréir leis an bhForoinn seo, ar choinníoll go bhfuil na tásca geografacha sin faoi chosaint mar sin sa tír thionscnaimh.

Airteagal 32.33

Tásca geografacha a liostaítear

Agus scrúdú déanta aige ar an reachtaíocht de chuid an Pháirtí eile a dtagraítear di in Iarscríbhinn 32-A mar aon le tásca geografacha an Pháirtí eile a liostaítear in Iarscríbhinn 32-C, agus bearta poiblíochta iomchuí déanta aige, i gcomhréir leis na dlíthe agus na cleachtais dá chuid, déanfaidh gach Páirtí tásca geografacha an Pháirtí eile a liostaítear in Iarscríbhinn 32-C a chosaint i gcomhréir leis an leibhéal cosanta a leagtar síos san Fhoroinn seo.

Airteagal 32.34

Leasú ar liosta na dtásc geografach

1. Comhaontaíonn na Páirtithe maidir leis an bhféidearthacht an liosta de thásca geografacha a leasú in Iarscríbhinn 32-C de bhun Airteagal 32.40(1). Maidir le haon tásca geografacha a bheith á gcur leis an liosta de thásca geografacha in Iarscríbhinn 32-C ag Páirtí, ní shárófar 45 thásc gheografacha gach 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Cuirfidh na Páirtithe tásca geografacha nua leis an liosta tar éis don nós imeachta freasúra a bheith tugtha chun críche i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn 32 agus tar éis dóibh scrúdú a dhéanamh ar na tásca geografacha, chun sástacht an dá Pháirtí.

2. Nuair a bhaineann leasú ar liosta na dtásc geografach in Iarscríbhinn 32-C le mionathrú atá gaolmhar le litriú táisc gheografaigh nó leis an tagairt d'ainmniú an limistéir gheografaigh a bhfuil sé inchurtha ina leith, beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32.40(4).

3. Is de chomhthoil na bPáirtithe a dhéanfar tásc geografach a chur leis nó a athrú de bhun mhír 1 nó 2.

Airteagal 32.35

Raon feidhme chosaint na dtásc geografach

1. Déanfar na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 32-C a chosaint ar an méid seo a leanas chomh maith leis na tásca geografacha arna gcur isteach de bhun Airteagal 32.34:

(a) aon úsáid tráchtála a bhaintear as tásc geografach, maidir le táirge ar den chineál céanna é agus ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) nach bhfuil de thionscnamh na háite tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 32-C i leith an táisc gheografaigh sin; nó

(ii) is de thionscnamh na háite tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 32-C i leith an táisc gheografaigh sin é ach níor táirgeadh nó níor monaraíodh é i gcomhréir le sonraíocht táirge an ainm cosanta, fiú amháin i gcás ina ngabhann téarmaí amhail 'cineál', 'saghas', 'stíl', 'blas' nó léirithe comhchosúla eile;

(b) úsáid aon mhodha chun táirge a ainmniú nó a chur i láthair lena léirítear nó lena dtugtar le fios go bhfuil an táirge atá i gceist de thionscnamh limistéir gheografaigh seachas de thionscnamh na háite iarbhír, ar ainmniú nó cur i láthair é a dhéantar ar bhealach a ngabhann an baol leis go gcuirfí an pobal amú maidir le tionscnamh geografach an táirge;

(c) aon úsáid arb ionann í agus gníomh iomaíochta éagóraí de réir bhrí Airteagal 10*bis* de Choinbhinsiún Pháras, lena n-áirítear clú táisc gheografaigh a shaothrú nó aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach eile faoi fhoinse, tionscnamh, cineál nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge, ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, ar an ábhar fógraíochta nó ar na doiciméid a bhaineann leis na hearraí iad féin, agus aon chleachtas lena bhféadfaí an tomhaltóir a chur amú i ndáil le tionscnamh iarbhír an táirge.

2. Na tásca geografacha a chosnaítear, ní bheidh siad ina dtásca geografacha cineálacha i gcríocha na bPáirtithe.

3. Ní bheidh aon oibleagáid faoin bhForoinn seo tásca geografacha a chosaint nach bhfuil cosanta ina gcríoch thionscnaimh féin, nó a dtagann deireadh leis an gcosaint a bhí acu inti.

4. Ní choiscfidh Páirtí an fhéidearthacht go ndéanfadh na húdaráis inniúla i gcríoch a thionscnaimh cosaint ná aithint táisc gheografaigh a chealú ar an mbonn nach gcomhlíonann an téarma atá cosanta nó aitheanta na coinníollacha a thuilleadh faoinar deonaíodh an chosaint nó an t-aitheantas i gcríoch tionscnaimh an téarma i gcéaduair.

5. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile má scoireann tásc geografach de bheith cosanta ina chríoch tionscnaimh. Tabharfar fógra den sórt sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 32.40.

6. Ní dhéanfaidh aon rud san Fhoroinn seo dochar do cheart aon duine úsáid a bhaint, i gcúrsa na trádála, as ainm an duine sin nó ainm réamhtheachtaí gnó an duine sin, ach amháin má úsáidtear an t-ainm sin chun críche an pobal a chur amú.

7. Beidh feidhm ag an gcosaint dá bhforáiltear faoin bhForoinn seo maidir leis an aistriúchán ar na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 32-C, má ghabhann an baol le húsáid an aistriúcháin sin go gcuirfear an pobal amú.

8. Má tá aistriúchán ar thásc geografach comhionann le téarmaí cineálacha nó tuairisciúla, lena n-áirítear ainmfhocail nó aidiachtaí, nó téarmaí is gnách a úsáidtear sa teanga chomónta mar an t-ainm comónta ar tháirge i gcríoch Páirtí, nó más ann dóibh san aistriúchán, nó mura bhfuil tásc geografach comhionann le téarma den sórt sin ach go gcuimsítear ann téarma den sórt sin, ní dhéanfaidh forálacha na Foroinne seo dochar do cheart aon duine an téarma sin a úsáid i ndáil leis an táirge sin.

9. Níl feidhm ag an gcosaint dá bhforáiltear faoin bhForoinn seo maidir le comhpháirt shainiúil de théarma a bhfuil comhpháirteanna iolracha aige atá cosanta mar thásc geografach a liostaítear i bhFoscríbhinn 32-C-1, más téarma é an chomhpháirt shainiúil ([121]) a úsáidtear sa teanga chomónta mar an t-ainm comónta atá ar an táirge lena mbaineann.

10. Níl aon ní san Fhoroinn seo lena gcuirfear cosc, i gcríoch Páirtí, ar aon táirge, ainm cineáil planda nó póir ainmhí a úsáid ([122]).

11. Maidir le tásca geografacha nua a bheartaíonn Páirtí a chur leis i gcomhréir le hAirteagal 32.34, ní cheanglófar ar Pháirtí le haon ní tásc geografach a chosaint atá comhionann leis an téarma is gnách a úsáidtear sa teanga chomónta mar an t-ainm comónta ar an táirge lena mbaineann i gcríoch an Pháirtí sin ([123]).

Airteagal 32.36

Ceart úsáide na dtásc geografach

1. Aon oibreoir a chuireann táirge ar an margadh atá i gcomhréir leis an tsonraíocht chomhfhreagrach, féadfaidh sé ainm atá faoi chosaint faoin bhForoinn seo a úsáid mar thásc geografach.

2. Ní bheidh ainm atá faoi chosaint faoin bhForoinn seo mar thásc geografach faoi réir aon chlárúchán úsáideoirí ná aon mhuirir bhreise.

([121]) Mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 32-C-1 ina bhfuil téarmaí nach n-iarrtar cosaint ina leith.

([122]) I nótaí míniúcháin in Iarscríbhinn 32-C sainmhínítear na cineálacha plandaí agus na pórtha ainmhí nach gcuirfear cosc ar iad a úsáid.

([123]) Agus cinneadh á dhéanamh maidir le tásca geografacha nua a bheidh le cur isteach, is cuma más téarma é is gnách sa teanga chomónta mar an t-ainm comónta ar an earra ábhartha ina chríoch, beidh an t-údar ag údaráis Páirtí an bealach a thuigeann tomhaltóirí an téarma sin i gcríoch an Pháirtí sin a chur san áireamh. D'fhéadfaí tosca atá ábhartha maidir leis an tuiscint sin i measc tomhaltóirí a áireamh leis an méid seo a leanas: (a) cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear an téarma chun tagairt don chineál táirge i gceist, mar a léirítear i bhfoinsí inniúla amhail foclóirí, nuachtáin agus suíomhanna gréasáin ábhartha; nó (b) an chaoi a ndéantar an táirgeadh dá dtagraíonn an téarma a chur ar an margadh agus a úsáid i dtrádáil i gcríoch an Pháirtí sin.

Airteagal 32.37

An gaol idir trádmharcanna agus tásca geografacha

1. Diúltóidh na Páirtithe do thrádmharc a chlárú a mbeadh a úsáid ag sárú Airteagal 32.35 agus a bhaineann leis an gcineál céanna táirge leis an tásc geografach, ar choinníoll go gcuirtear isteach an t-iarratas ar an trádmharc sin a chlárú tar éis an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas ar an tásc geografach a chosaint i gcríoch an Pháirtí lena mbaineann.

2. Maidir le trádmharcanna a chláraítear de shárú ar mhír 1, déanfar iad a neamh-bhailíochtú, *ex officio* nó arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar, i gcomhréir le dlí agus cleachtas na bPáirtithe.

3. Maidir leis na tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 32.33, is é a bheidh sa dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chosaint dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 an 1 Samhain 2022.

4. Maidir le tásca geografacha a chuirfear isteach in Iarscríbhinn 32-C i gcomhréir le hAirteagal 32.34, is é a bheidh sa dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chosaint an dáta a tharchuirfear iarraidh chuig an bPáirtí eile ar thásc geografach a chosaint faoi réir thabhairt i gcrích faoi rath an phróisis chun leasú a dhéanamh ar an liosta de thásca geografacha faoi chosaint a dtagraítear dó in Airteagal 32.34.

5. Déanfaidh na Páirtithe tásca geografacha a chosaint i gcás inarb ann do réamh-thrádmharc freisin. Is féidir trádmharc a bhí ann roimhe a chlárú de mheon macánta agus is féidir iad a bheith faoi réir éagsúluithe lena gceanglaítear iarratas nua ar thrádmharc a chur isteach, ar choinníoll nach mbaintear an bonn de chosaint tásc geografach mar gheall ar an éagsúlú sin agus nach ann d'aon fhoras leis an trádmharc a neamh-bhailíochtú faoi dhlí na bPáirtithe.

6. Chun críocha mhír 5 den Airteagal seo, ciallaíonn 'réamh-thrádmharc' trádmharc a sáraítear Airteagal 32.35 trína úsáid agus ar trádmharc é ar cuireadh iarratas isteach air, nó ar bunaíodh é trí úsáid, má dhéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht sin leis an reachtaíocht lena mbaineann, de mheon macánta i gcríoch Páirtí, roimh dháta chur isteach iarratais ar chosaint an táisc gheografaigh ag an bPáirtí eile faoin gCuid seo den Chomhaontú.

Airteagal 32.38

An chosaint a fhorfheidhmiú

Déanfaidh gach Páirtí an chosaint dá ndéantar foráil in Airteagail 32.35, 32.36 agus 32.37 a fhorfheidhmiú de bhíthin gníomhaíocht riaracháin arna iarraidh sin do cheachtar páirtí leasmhar. Déanfaidh gach Páirtí foráil, faoin dlí agus faoin gcleachtas dá chuid, maidir le céimeanna breise riaracháin agus breithiúnacha chun úsáid mhídhleathach tásc geografach faoi chosaint a chosc nó a stopadh.

Airteagal 32.39

Rialacha ginearálta

1. Ní éileofar ar Pháirtí ainm a chosaint mar thásc geografach faoin bhForoinn seo, i gcás ina mbeadh an t-ainm sin i neamhréir le hainm cineál planda nó pór ainmhí agus inar dócha go ndéanfadh an t-ainm, dá dheasca sin, an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an earra.

2. Má tá tásca geografacha na bPáirtithe comhainmneach, deonóidh an Páirtí eile cosaint do gach tásc geografach, ar choinníoll go bhfuil idirdhealú leordhóthanach i gcleachtas idir coinníollacha úsáide agus cur i láthair na n-ainmneacha ionas nach gcuirfear an tomhaltóir amú.

3. Más rud é go mbeartaíonn Páirtí, i gcomhthéacs na caibidlíochta déthaobhaí le tríú tír, cosaint a thabhairt do thásc geografach den tríú tír sin atá comhainmneach le tásc geografach de chuid an Pháirtí eile, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas, agus tabharfaidh sé deis dó barúil a thabhairt sula gcosnófar an tásc geografach sin.

4. Táirgí atá comhfhreagrach leis na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 32-C, déanfar iad a allmhairiú, a onnmhairiú agus a mhargú i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme i gcríoch an Pháirtí ina gcuirtear na táirgí ar an margadh.

5. Aon ábhar a thiocfaidh as sonraíochtaí táirge de thásca geografacha faoi chosaint, is é an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 32.40 a bheidh ag plé leis.

6. Is é Páirtí áit tionscnaimh an táirge agus é sin amháin a fhéadfaidh tásca geografacha atá faoi chosaint faoin bhForoinn seo a chealú. Tabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile má thagann deireadh le cosaint táisc gheografaigh ina chríoch a liostaítear in Iarscríbhinn 32-C. Déanfar Iarscríbhinn 32-C a leasú de bhun Airteagal 32.40(3) tar éis an fhógra sin.

7. Is éard a bheidh i sonraíocht táirge dá dtagraítear san Fhoroinn seo an tsonraíocht táirge a fhormheasfaidh údaráis an Pháirtí, lena n-áirítear aon leasú a bheidh formheasta freisin, sa chríoch ina dtionscnaíonn an táirge.

Airteagal 32.40

An Fochoiste, comhar agus trédhearcacht

1. Chun críocha na Foroinne seo, féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 32.66 a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach leasú a dhéanamh, de bhun mhír (a) d'Airteagal 8.5(1) ar:

(a) Iarscríbhinn 32-A a mhéid a bhaineann leis na tagairtí don dlí is infheidhme sna Páirtithe;

(b) Iarscríbhinn 32-B a mhéid a bhaineann leis na critéir a bheidh le háireamh sa nós imeachta freasúra; agus

(c) Iarscríbhinn 32-C a mhéid a bhaineann leis na tásca geografacha.

2. Chun críocha na Foroinne seo, beidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 32.66 freagrach as faisnéis a mhalartú faoin méid seo a leanas:

(a) forbairtí reachtaíochta agus beartais maidir le tásca geografacha;

(b) tásca geografacha chun críche a gcosaint a mheas i gcomhréir leis an bhForoinn seo; agus

(c) aon ábhar leasa choitinn eile i réimse na dtásc geografach.

3. Tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 32.39(6), molfaidh an Fochoiste don Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 32-C a leasú i gcomhréir le fomhír (c) de mhír 1 den Airteagal seo chun deireadh a chur leis an gcosaint faoin gCuid seo den Chomhaontú seo.

4. I gcás inar ann do mhionathrú a bhaineann le litriú táisc gheografaigh atá ar an liosta nó leis an tagairt d'ainmniú an limistéir gheografaigh lena bhfuil an mionathrú inchurtha, tabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile san Fhochoiste faoin athrú sin mar aon le míniúchán maidir leis. Molfaidh an Fochoiste don Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 32-C a leasú, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(6), leis an mionathrú sin.

5. Maidir le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmiú na Foroinne seo, coinneoidh na Páirtithe teagmháil ar bun, go díreach nó tríd an bhFochoiste. Go háirithe, féadfaidh Páirtí faisnéis faoi shonraíochtaí táirge agus faoi leasuithe orthu a iarraidh ar an bPáirtí eile, chomh maith le pointí teagmhála le haghaidh forfheidhmiú riaracháin.

6. Féadfaidh na Páirtithe sonraíochtaí táirgí, nó achoimre orthu, a chur ar fáil go poiblí, agus pointí teagmhála le haghaidh forfheidhmiú riaracháin atá comhfhreagrach do thásca geografacha an Pháirtí eile a gcosnaítear iad de bhun na Foroinne seo.

Airteagal 32.41

Cosaint eile

1. Tá feidhm ag an bhForoinn seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe i gcomhréir le Comhaontú EDT, nó le haon chomhaontú iltaobhach eile maidir le dlí na maoine intleachtúla a bhfuil an Páirtí AE agus an tSile ina bpáirtithe iontu.

2. Tá an Fhoroinn seo gan dochar don cheart féachaint le haitheantas agus cosaint a fháil le haghaidh tásc geografach faoi reachtaíocht ábhartha na bPáirtithe.

FOROINN 5

PAITINNÍ

Airteagal 32.42

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Comhlíonfaidh gach Páirtí ([124]) an Conradh Comhair Paitinní, arna dhéanamh in Washington an 19 Meitheamh 1970, arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979, arna leasú go deireanach an 3 Deireadh Fómhair 2001.

Airteagal 32.43

Cosaint fhorlíontach i gcás moilleanna ar fhormheas margaíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta

1. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh táirgí cógaisíochta a chosnaítear le paitinn ina gcríoch faoi seach a bheith faoi réir formheas margaíochta nó nós imeachta um cheadúnas sláintíochta sula gcuirfear ar an margadh iad.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le sásra leormhaith éifeachtach lena soláthrófar téarma breise cosanta chun úinéir na paitinne a chúiteamh as an laghdú ar chosaint éifeachtach na paitinne mar thoradh ar mhoilleanna míréasúnta ([125]) ar an gcéad fhormheas margaíochta nó ceadúnas sláintíochta a dheonú ina chríoch. Ní mhairfidh an téarma bhreise cosanta níos faide ná 5 bliana.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh maidir le tuilleadh cosanta, i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin, le haghaidh táirge atá faoi chosaint paitinne agus a bhí faoi réir nós imeachta formheasa margaíochta nó ceadúnais sláintíochta, chun cúiteamh a thabhairt don sealbhóir paitinne i ngeall ar laghdú ar chosaint éifeachtach na paitinne. Ní mhairfidh an chosaint bhreise sin níos faide ná 5 bliana ([126]).

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, agus oibleagáidí an Airteagail seo á gcur chun feidhme aige, féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus teorainneacha, ar choinníoll go leanfaidh an Páirtí d'éifeacht a thabhairt don Airteagal seo.

5. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall iarratais ar fhormheas margaíochta nó ar cheadúnas sláintíochta do tháirgí cógasaíochta a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil tráthúil, d'fhonn moilleanna míchuí nó moilleanna gan ghá a sheachaint. Agus é de chuspóir leis sin moilleanna míréasúnta a sheachaint, féadfaidh Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena mbrostaítear an phróiseáil ar iarratais ar fhormheas margaíochta nó ar cheadúnas sláintíochta.

FOROINN 6

COSAINT FAISNÉISE NEAMHNOCHTA

Airteagal 32.44

Raon feidhme cosanta na rún ceirde

1. Agus a oibleagáid maidir le Comhaontú TRIPS á comhlíonadh, go háirithe míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 39 á chomhlíonadh aige, déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta agus leigheasanna iomchuí le haghaidh aon sealbhóra rúin ceirde chun cosc a chur ar rún ceirde a éadáil, a úsáid nó a nochtadh aon uair a dhéantar sin ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta, agus sásamh a fháil i leith sin.

([124]) Maidir leis an bPáirtí AE, comhlíonann na Ballstáit an oibleagáid faoin Airteagal seo.

([125]) Chun críocha an Airteagail seo, áirítear le moill mhíréasúnta moill de bhreis ar 2 bhliain ar an gcéad fhreagairt shubstainteach chuig an iarratasóir tar éis an dáta a comhdaíodh an t-iarratas ar fhormheas margaíochta nó ar cheadúnas sláintíochta. Aon mhoill a thagann ar dheonú formheasa margaíochta nó ceadúnais sláintíochta de bharr tréimhsí is inchurtha i leith an iarratasóra nó aon tréimhse nach bhfuil smacht ag an údarás a phróiseálann an t-iarratas ar mhaithe le formheas margaíocht uirthi nó ag an údarás cláraithe sláintíochta, ní gá iad a chur san áireamh agus moill den sórt sin á cinneadh.

([126]) Tá an uastréimhse sin gan dochar do shíneadh eile a d'fhéadfaí a chur ar an téarma cosanta i gcás táirgí íocshláinte a bhfuil staidéir phéidiatraiceacha déanta ina leith, agus léirítear torthaí na staidéar sin san fhaisnéis faoin táirge.

2. Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'rún ceirde' faisnéis ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) gur rún é faisnéis sa chiall nach bhfuil daoine laistigh de na ciorcail a dhéileálann de ghnáth leis an gcineál sin faisnéise lena mbaineann ar an eolas go ginearálta fúithi, ina hiomláine nó i bhfoirmíocht agus cóimeáil bheacht a comhpháirteanna;

(ii) a bhfuil luach tráchtála uirthi toisc gur rún í; agus

(iii) bhí sí faoi réir bearta réasúnta, i bhfianaise na staide, a bhí déanta ag an duine a bhí i gceannas go dleathach ar an bhfaisnéis chun í a choinneáil faoi rún;

(b) ciallaíonn 'sealbhóir rúin ceirde' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rialaíonn rún ceirde go dleathach.

3. Chun críocha na Foroinne seo, measfar an iompraíocht seo a leanas a bheith ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta:

(a) rún ceirde a fháil gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, aon uair a dhéantar é le rochtain neamhúdaraithe ar aon doiciméid, earraí, ábhair, substaintí, nó comhaid leictreonacha, nó iad a leithreasú nó a chóipeáil, is é sin doiciméid, earraí, ábhair, substaintí, nó comhaid leictreonacha atá go dleathach faoi rialú an tsealbhóra rúin ceirde, ina bhfuil an rún ceirde nó ónar féidir an rún ceirde a oibriú amach;

(b) rún ceirde a úsáid nó a nochtadh aon uair a dhéanann duine é gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, duine a bhfaightear amach ina leith go gcomhlíonann sé aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá an rún ceirde faighte aige ar bhealach dá dtagraítear i bhfomhír (a);

(ii) a bhfuil aon chomhaontú rúndachta sáraithe aige nó aon dualgas gan an rún ceirde a nochtadh; nó

(iii) a bhfuil aon dualgas conarthach sáraithe aige nó aon dualgas eile úsáid an rúin ceirde a theorannú;

(c) fáil, úsáid nó nochtadh rúin ceirde aon uair a dhéanann duine é arbh eol dó, ag an am a rinneadh an rún ceirde a fháil, a úsáid nó nochtadh, nó go mba cheart gurbh eol dó, sna cásanna sin, go bhfuarthas an rún ceirde go díreach nó go neamhdhíreach ó dhuine eile a bhí ag úsáid nó ag nochtadh an rúin ceirde go neamhdhleathach de réir bhrí phointe (b).

4. Níl aon ní san Fhoroinn seo a dtuigfear go gceanglaíonn sé ar cheachtar Páirtí a bhreith go bhfuil an t-iompar seo a leanas ina shárú ar chleachtais tráchtála mhacánta:

(a) fionnachtain nó cruthú neamhspleách na faisnéise ábhartha ag duine;

(b) ais-innealtóireacht ar tháirge ag duine a bhfuil an táirge ina sheilbh aige go dleathach agus atá saor ó aon dualgas atá bailí go dlíthiúil chun teorainn a chur le fáil na faisnéise ábhartha;

(c) fáil, úsáid nó nochtadh na faisnéise a cheanglaítear nó a cheadaítear faoi dhlí an Pháirtí sin; nó

(d) úsáid a bheith á baint ag fostaithe as an taithí agus na scileanna a fuair siad go macánta i ngnáthchúrsa a bhfostaíochta.

5. Níl aon ní san Fhoroinn seo a thuigfear mar shrian a chur ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse na meán, mar a chosnaítear i ngach Páirtí.

Airteagal 32.45

Nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta agus leigheasanna ar rúin trádála

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon duine atá rannpháirteach sna himeachtaí breithiúnacha sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 32.44 nó a bhfuil rochtain aige ar dhoiciméid ar cuid de na himeachtaí dlí sin iad, nach gceadófar don duine sin aon rún ceirde nó rún ceirde líomhnaithe a úsáid nó a nochtadh atá sainaitheanta mar rúnda ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla mar fhreagairt ar iarratas atá réasúnaithe go cuí ó pháirtí leasmhar, agus a bhfuil eolas orthu faighte ag an duine sin de bharr na rannpháirtíochta nó na rochtana sin.

2. Sna himeachtaí breithiúnacha sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 32.44, déanfaidh gach Páirtí foráil go mbeidh údarás ag a údaráis bhreithiúnacha an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

(a) bearta sealadacha a ordú, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin Páirtí, chun cosc a chur ar fháil, úsáid nó nochtadh an rúin ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta;

(b) urghaire a ordú chun cosc a chur ar fháil, úsáid nó nochtadh an rúin ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta;

(c) ordú a thabhairt don duine arbh eol dóibh nó ar cheart gurbh eol dóibh go raibh rún ceirde á fháil, á úsáid nó á nochtadh aige ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta chun damáistí iomchuí a íoc leis an sealbhóir rúin ceirde a oireann don dochar iarbhír a d'fhulaing sé de thoradh fháil, úsáid nó nochtadh an rúin ceirde;

(d) bearta sonracha a ghlacadh chun rúndacht aon rún ceirde nó aon rún ceirde líomhnaithe arna gcur i láthair i nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta a chaomhnú ar rún ceirde nó rún ceirde líomhnaithe é a bhaineann le fáil, úsáid agus nochtadh líomhnaithe rúin ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta. d'fhéadfaí a bheith san áireamh le bearta sonracha den sórt sin, i gcomhréir le dlí an Pháirtí lena mbaineann, an fhéidearthacht go ndéanfaí:

(i) srian a chur le rochtain ar dhoiciméid áirithe go hiomlán nó go páirteach;

(ii) srian a chur le rochtain ar éisteachtaí agus ar a dtaifid chomhfhreagracha agus a dtras-scríobh;

(iii) leagan neamhrúnda den chinneadh breithiúnach a chur ar fáil ina bhfuil na sleachta maidir le rúin ceirde bainte amach nó folaithe;

(e) smachtbhannaí a fhorchur ar pháirtithe nó ar aon duine eile atá rannpháirteach sna himeachtaí dlí agus nach ndéanann nó a dhiúltaíonn orduithe ó údaráis bhreithiúnacha inniúla a chomhlíonadh a bhaineann le cosaint an rúin ceirde nó an rúin ceirde líomhnaithe.

3. Áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh ar a údaráis bhreithiúnacha na nósanna imeachta breithiúnacha agus na leigheasanna dá dtagraítear in Airteagal 32.44 a chur i bhfeidhm má dhéantar an iompraíocht atá ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta, i gcomhréir lena dhlí, chun mí-iompar, éagóiritheoireacht nó gníomhaíocht neamhdhleathach a nochtadh nó chun críche leas dlisteanach a aithnítear le dlí an Pháirtí sin a chosaint.

Airteagal 32.46

Cosaint sonraí neamhnochta a bhaineann le táirgí cógaisíochta

1. Má cheanglaíonn Páirtí, mar choinníoll a ghabhann le formheas margaíochta nó ceadúnas sláintíochta le haghaidh táirge cógaisíochta a n-úsáidtear eintiteas ceimiceach i ndáil leis nach bhfuarthas formheas ina leith cheana, go gcuirfear isteach tástáil neamhnochta nó sonraí eile a bhfuil gá leo le cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé sábháilte agus éifeachtach an táirge sin a úsáid, déanfaidh an Páirtí sin na sonraí sin a chosaint ar nochtadh do thríú páirtithe, más rud é go bhfuil iarracht nach beag i gceist le sonraí den sórt sin a thionscnamh, ach amháin i gcás ina mbeidh an nochtadh riachtanach ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach nó mura ndéantar bearta lena áirithiú go gcosnófar na sonraí ar úsáid tráchtála éagórach.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, ar feadh 5 bliana ar a laghad ó dháta an chéad fhormheasa margaíochta nó an chéad cheadúnais sláintíochta sa Pháirtí lena mbaineann, nach gcuirfear táirge cógasaíochta ar an margadh a fhormheastar ina dhiaidh sin ar bhonn torthaí tástálacha réamhchliniciúla agus trialacha cliniciúla a cuireadh isteach san iarratas ar an gcéad fhormheas margaíochta nó ar an gcéad cheadúnas sláintíochta, gan comhthoiliú sainráite shealbhóir an chéad fhormheasa margaíochta nó an chéad cheadúnais sláintíochta.

3. Ní bheidh aon teorannú ar cheachtar Páirtí i dtaobh nósanna imeachta údaraithe giorraithe a chur chun feidhme le haghaidh táirgí cógaisíochta ar bhonn staidéir bhithchoibhéise agus bhith-infhaighteachta.

4. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus teorainneacha i gcur chun feidhme oibleagáidí an Airteagail seo, ar choinníoll go leanfaidh an Páirtí d'éifeacht a thabhairt don Airteagal seo.

Airteagal 32.47

Sonraí a bhaineann le táirgí agraiceimiceáin a chosaint

1. Má cheanglaíonn Páirtí, mar choinníoll i dtaca le húdarú margaíochta a dheonú le haghaidh táirge ceimiceáin a n-úsáidtear eintiteas nua lena aghaidh, go gcuirfear isteach tuarascálacha ar thástálacha nó ar staidéar a bhaineann le sábháilteacht agus éifeachtúlacht an táirge sin, ní dheonóidh an Páirtí sin údarú le haghaidh táirge agraiceimiceáin eile ar bhonn na dtuarascálacha ar na tástálacha nó an staidéir sin gan comhthoiliú an duine a chuir isteach iad cheana, le haghaidh tréimhse 10 mbliana ar a laghad i ndiadh dháta an chéad údarú margaíochta don táirge ceimiceáin.

2. Féadfaidh Páirtí teorainn a chur leis an gcosaint faoin Airteagal seo a thugtar do thuarascálacha ar thástálacha nó ar staidéar lena gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is gá iad chun údarú a fháil nó chun údarú a leasú le go gceadófaí an táirge agraiceimiceáin a úsáid ar bharra eile; agus

(b) deimhníodh gur thuarascálacha iad a chomhlíon prionsabail an dea-chleachtais saotharlainne nó an dea-chleachtais thurgnamhaigh.

3. Féadfaidh gach Páirtí rialacha a shuí chun tástáil dhúblach ar ainmhithe veirteabracha a sheachaint.

4. Agus oibleagáidí an Airteagail seo á gcur chun feidhme aige, féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus teorainneacha, ar choinníoll go leanfaidh an Páirtí d'éifeacht a thabhairt don Airteagal seo.

FOROINN 7

CINEÁLACHA PLANDAÍ

Airteagal 32.48

Cearta chun cineálacha plandaí a chosaint

Déanfaidh na Páirtí cearta maidir le cineálacha plandaí a chosaint, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta, an 2 Nollaig 1961 do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí, arna athbhreithniú go deireanach sa Ghinéiv an 19 Márta 1991 ('Coinbhinsiún UPOV'), lena n-áirítear na heisceachtaí ar cheart an phóraitheora dá dtagraítear in Airteagal 15 de Choinbhinsiún UPOV, agus oibreoidh siad i gcomhar chun na cearta sin a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú.

ROINN C

CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA A FHORFHEIDHMIÚ

FOROINN 1

FORFHEIDHMIÚ SIBHIALTA AGUS RIARACHÁIN

Airteagal 32.49

Oibleagáidí ginearálta

1. Athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanais faoi Chomhaontú TRIPS agus áiritheoidh sé go gcuirfear cearta maoine intleachtúla chun feidhme i gcomhréir lena dhlí agus lena chleachtas. Déanfaidh na Páirtithe foráil maidir leis na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá bhforáiltear faoin bhForoinn seo.

2. Níl feidhm ag an Roinn seo maidir leis na cearta a chumhdaítear le Foroinn 6 de Roinn B.

3. Déanfaidh Páirtí foráil maidir le bearta, nósanna imeachta agus leigheasanna a bheidh cóir agus cothromasach, agus ní bheidh castacht ná costas gan ghá ag baint leo, ná ní bheidh teorainneacha ama míréasúnta ná moilleanna gan údar i gceist leo.

4. Beidh na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear i mír 3 éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach lena seachnófar bacainní a chur ar thrádáil dhlisteanach agus lena ndéanfar foráil maidir le coimircí i gcoinne a mí-úsáide.

5. Níl aon ní sa Roinn seo lena gcruthaítear oibleagáid ar cheachtar Páirtí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) córas breithiúnach a chur i bhfeidhm chun cearta maoine intleachtúla a fhorghníomhú a bheadh difriúil leis an gcóras chun an dlí i gcoitinne a fhorfheidhmiú; nó

(b) maidir le dáileadh acmhainní idir forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla agus forfheidhmiú an dlí i gcoitinne.

Airteagal 32.50

Daoine atá i dteideal a iarraidh go gcuirfear bearta forfheidhmithe, nósanna imeachta agus leigheasanna i bhfeidhm

Aithneoidh gach Páirtí na daoine seo a leanas mar dhaoine atá i dteideal a lorg go gcuirfear i bhfeidhm na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear sa Roinn seo agus i gCuid III de Chomhaontú TRIPS:

(a) sealbhóirí ceart maoine intleachtúla i gcomhréir le dlí gach Páirtí;

(b) gach duine eile atá údaraithe chun na cearta sin a úsáid, ceadúnaithe go háirithe, a mhéid a cheadaítear é sin le dlí gach Páirtí agus i gcomhréir leis na dlíthe sin;

(c) comhlachtaí bainistíochta ceart comhchoiteann maoine intleachtúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear le dlí gach Páirtí agus i gcomhréir leis na dlíthe sin;

(d) eintitis ([127]) a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear le dlí gach Pháirtí agus i gcomhréir leis na dlíthe sin;.

([127]) Maidir leis an tSile, ciallaíonn an téarma 'eintitis' 'cónaidhmeanna agus comhlachais'. Maidir leis an bPáirtí AE ciallaíonn an téarma 'eintitis' 'comhlachtaí cosanta gairmiúla'.

Airteagal 32.51

Fianaise

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, fiú roimh thosach feidhme na n-imeachtaí ar fhiúntais an cháis, ar iarratas ó pháirtí a chuir i láthair fianaise atá ar fáil go réasúnta chun tacú lena mhaíomh go ndearnadh sárú ar a cheart maoine intleachtúla nó go bhfuil an ceart sin ar tí a shárú, a ordú go ndéanfar bearta sealadacha atá pras agus éifeachtach chun fianaise ábhartha a chaomhnú i leith an tsáraithe a líomhnaítear, faoi réir cosaint faisnéise faoi rún faoi dhlí an Pháirtí sin. Agus bearta sealadacha á n-ordú acu, cuirfidh na húdaráis bhreithiúnacha san áireamh leasanna dlisteanacha an tsáraitheora líomhnaithe.

2. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis na bearta sealadacha dá dtagraítear i mír 1 tuairisc mhionsonraithe, agus samplaí á dtógáil nó gan iad á dtógáil, ar na hearraí a líomhnaítear gur earraí sáraitheacha iad, nó iad a urghabháil go fisiceach, agus, i gcásanna iomchuí, tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar na hábhair agus na huirlisí a úsáideadh go príomha chun na hearraí sin a tháirgeadh nó a dháileadh agus na doiciméid a bhaineann leo.

3. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá, i gcás sárú líomhnaithe ar cheart maoine intleachtúla arna dhéanamh ar scála tráchtála, lena chur ar chumas na n-údarás breithiúnach inniúla a ordú, más iomchuí agus ar iarratais ó pháirtí, cur in iúl doiciméad baincéireachta, airgeadais nó tráchtála atá faoi rialú an duine freasúra, faoi réir chosaint na faisnéise faoi rún.

Airteagal 32.52

An ceart chun faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, le linn imeachtaí sibhialta a bhaineann le sárú ar cheart maoine intleachtúla agus mar fhreagairt ar iarraidh chuí-údaraithe, chomhréireach ón éilitheoir, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú don duine a rinne an sárú, nó aon duine eile, faisnéis maidir le tionscnamh agus líonraí dáileacháin na n-earraí nó na seirbhísí lena ndéantar sárú ar cheart maoine intleachtúla a sholáthar.

2. Chun críocha mhír 1 , ciallaíonn 'aon duine eile' duine a bhfuil an méid seo a leanas ar a laghad fíor ina leith:

(a) fuarthas go raibh na hearraí sáraitheacha ar seilbh aige ar scála tráchtála;

(b) fuarthas go raibh na seirbhísí sáraitheacha á n-úsáid aige ar scála tráchtála;

(c) fuarthas go raibh seirbhísí arna n-úsáid i ngníomhaíochtaí sáraitheacha á soláthar aige ar scála tráchtála; nó

(d) chuir an duine dá dtagraítear sa mhír in iúl go raibh sé páirteach i dtáirgeadh, monarú nó dáileadh na n-earraí sáraitheacha nó i soláthar na seirbhísí sáraitheacha;

3. D'fhéadfaí a chuimsiú san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, de réir mar is iomchuí, an méid a leanas:

(a) ainmneacha agus seoltaí tháirgeoirí, mhonaróirí, dháileoirí, sholáthróirí agus iarshealbhóirí eile na n-earraí nó na seirbhísí, chomh maith leis na mórdhíoltóirí agus na miondíoltóirí atá beartaithe; agus

(b) faisnéis ar na cainníochtaí a táirgeadh, a monaraíodh, a seachadadh, a fuarthas nó a ordaíodh, chomh maith leis an bpraghas a fuarthas ar na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do dhlíthe de chuid Páirtí:

(a) lena ndeonaítear don sealbhóir cirt cearta chun faisnéis níos iomláine a fháil;

(b) lena rialaítear úsáid na faisnéise a cuireadh in iúl de bhun an Airteagail seo in imeachtaí sibhialta nó coiriúla;

(c) lena rialaítear an fhreagracht as mí-úsáid an chirt chun faisnéise;

(d) lena dtugtar an deis chun diúltú faisnéis a sholáthar lena gcuirfí iallach ar an duine dá dtagraítear i mír 1 a admháil go raibh sé féin nó garghaolta leis rannpháirteach i sárú ar cheart maoine intleachtúla; nó

(e) lena rialaítear cosaint rúndachta foinsí faisnéise nó próiseáil sonraí pearsanta.

Airteagal 32.53

Bearta sealadacha agus bearta réamhchúraim

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha, arna iarraidh sin don iarratasóir, urghaire idirbhreitheach, a eisiúint i gcoinne an tsáraitheora líomhnaithe lena mbeartaítear cosc a chur ar aon sárú atáthar ar tí a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla, nó a thoirmeasc, ar bhonn sealadach agus faoi réir, i gcás inarb iomchuí, íocaíocht pionóis athfhillteach sa chás ina ndéantar foráil maidir leis sin i ndlí an pháirtí, go leanfar ag aghaidh leis na sáruithe líomhnaithe ar an gceart sin, nó leanúint ar aghaidh amhlaidh a chur faoi réir ráthaíochtaí a thaisceadh atá beartaithe lena áirithiú go ndéanfar an sealbhóir cirt a chúiteamh. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin, faoi na coinníollacha céanna, i gcás inarb iomchuí, in aghaidh tríú páirtí ([128]) a bhfeidhmíonn an t-údarás breithiúnach ábhartha dlínse os a chionn agus a bhfuil a chuid seirbhísí á n-úsáid chun ceart maoine intleachtúla a shárú.

2. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha, arna iarraidh sin don iarratasóir, a ordú go ndéanfar na hearraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoine intleachtúla a urghabháil nó a chur faoi choimeád ar shlí eile ([129]) lena chosc go rachaidh siad isteach chuig na bealaí tráchtála nó go mbeidh siad ar gluaiseacht iontu.

3. I gcás sárú líomhnaithe arna dhéanamh ar scála tráchtála, áiritheoidh na gach Páirtí go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha, má léiríonn an páirtí díobhálaithe gurb ann do chúinsí a fhágann gur dócha go gcuirfear i mbaol aisghabháil na ndamáistí, a ordú go ndéanfar urghabháil réamhchúraim ar mhaoin shochorraithe agus dhochorraithe an tsáraitheora líomhnaithe, lena n-áirítear a chuid cuntas bainc agus sócmhainní eile dá chuid a bhlocáil. Chun na críche sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a ordú go gcuirfear doiciméid bhainc, airgeadais nó tráchtála in iúl, nó go dtabharfar rochtain iomchuí ar an bhfaisnéis ábhartha.

Airteagal 32.54

Leigheasanna

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha a ordú, ar iarraidh ón iarratasóir agus gan dochar d'aon damáistí atá dlite don sealbhóir cirt mar gheall ar an sárú, agus gan cúiteamh d'aon sórt, go ndéanfaí earraí a dhíothú, nó a bhaint go cinntitheach as na bealaí tráchtála earraí ar chinn siad a bhfuil sárú á dhéanamh acu ar cheart maoine intleachtúla. Féadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha a ordú, más iomchuí, go ndíothófar ábhair agus uirlisí a úsáidtear go príomha chun na hearraí sin a chruthú nó a mhonarú.

2. Beidh an t-údarás ag údaráis bhreithiúnacha gach Páirtí ordú a thabhairt go ndéanfar na bearta sin a chur i gcrích ar speansais an duine a dhéanann an sárú, mura ndéanfar cúiseanna ar leith a agairt gan é sin a dhéanamh.

3. Agus iarraidh ar leigheasanna á meas, cuirfear san áireamh an gá atá le comhréireacht idir tromchúis an tsáraithe agus na leigheasanna a ordófar, chomh maith le leasanna tríú páirtithe.

Airteagal 32.55

Urghairí

Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás ina ndéantar cinneadh breithiúnach lena bhfaightear sárú ar cheart maoine intleachtúla, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha urghaire ar aidhm léi cosc a chur ar leanúint den sárú a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora agus, más iomchuí, in aghaidh tríú páirtí ([130]) ar a bhfeidhmíonn údarás breithiúnach ábhartha dlínse agus a bhfuil a sheirbhísí á n-úsáid ag tríú páirtí chun sárú a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla.

Airteagal 32.56

Bearta malartacha

Féadfaidh gach Páirtí a fhoráil, i gcásanna iomchuí agus arna iarraidh don duine a d'fhéadfaí a chur faoi réir na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 32.54 nó 32.55, go bhféadfaidh húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú go n-íocfar cúiteamh airgid leis an bpáirtí díobhálaithe seachas na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 32.54 nó 32.55 a chur i bhfeidhm, más rud é gur ghníomhaigh an duine go neamhbheartaithe agus gan faillí, dá mba rud é go ndéanfadh forfheidhmiú na mbeart atá i gceist dochar doleigheasta dó agus dá ndealródh sé go mbeadh cúiteamh airgid don pháirtí díobhálaithe réasúnta sásúil.

([128]) Chun críocha an Airteagail seo, féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go n-áirítear idirghabhálaí le 'tríú páirtí'.
([129]) Féadfaidh Páirtí rogha a dhéanamh idir urghabháil agus cur faoi choimeád chun an mhír seo a chur chun feidhme.
([130]) Chun críocha an Airteagail seo, féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go n-áirítear idirghabhálaí le 'tríú páirtí'.

Airteagal 32.57

Damáistí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go n-ordóidh na húdaráis bhreithiúnacha ar iarratas ón bpáirtí díobhálaithe, don sáraitheoir a bhí ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht sháraitheach nó a bhí ag gabháil di agus forais réasúnacha aige a bheith feasach ina leith, damáistí a íoc leis an sealbhóir cirt ar damáistí iad is leordhóthanach don díobháil iarbhír a d'fhulaing sé mar gheall ar an sárú.

2. Nuair a bheidh méid na ndamáistí á chinneadh faoi mhír 1, beidh sé d'údarás ag údaráis bhreithiúnacha gach Páirtí, *inter alia*, aon bheart dlisteanach luacha a chuireann an sealbhóir cirt isteach a bhreithniú, lena n-áirítear brabúis chaillte, luach na n-earraí nó na seirbhísí arna dtomhas de réir an mhargadhphraghais, nó an phraghais miondíola mholta ([131]). Ar a laghad i gcásanna sárú ar chóipcheart nó ar chearta gaolmhara agus góchumadh trádmhairc, déanfaidh gach Páirtí foráil, in imeachtaí breithiúnacha sibhialta, go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha ordú a thabhairt don sáraitheoir cuid de bhrabúis an tsáraitheora atá inchurtha i leith an tsáraithe a íoc leis an sealbhóir cirt, cibé ar mar mhalairt ar dhamáistí, nó ina dteannta.

3. Mar mhalairt ar mhír 2, féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh de go bhfuil údarás ag a údaráis bhreithiúnacha, i gcásanna iomchuí, na damáistí a shocrú mar chnapshuim ar bhonn gnéithe amhail ar a laghad méid na ríchíosanna nó na dtáillí a bheadh dlite dá mba rud é gur iarr an duine a rinne an sárú údarú chun leas a bhaint as an gceart maoine intleachtúla a bhí i gceist.

4. Ní chuireann aon ní san Airteagal seo cosc ar cheachtar Páirtí ó fhoráil a dhéanamh mura ndearna an sáraitheoir go feasach, nó forais réasúnacha aige a fhios a bheith aige, tabhairt faoi ghníomhaíocht sháraitheach, go mbeidh a údaráis bhreithiúnacha in ann a ordú i bhfabhar an pháirtí dhíobhálaithe, go ndéanfaí brabús a aisghabháil nó damáistí a d'fhéadfadh a bheith réamhbhunaithe a íoc.

Airteagal 32.58

Costais dlí

Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha, i gcás inarb iomchuí, a ordú, ag deireadh imeachtaí breithiúnacha sibhialta maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú, go ndeonófar don pháirtí a bhuafaidh go n-íocfaidh an páirtí a chaillfidh costais dlí agus costais eile leis, amhail dá bhforáiltear faoi dhlí an Pháirtí lena mbaineann.

Airteagal 32.59

Cinntí breithiúnacha a fhoilsiú

Áiritheoidh gach Páirtí, in imeachtaí dlí arna dtionscnamh as sárú a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha, ar iarraidh ón iarratasóir agus ar chostas an duine a rinne an sárú, bearta iomchuí a ordú chun an fhaisnéis a bhaineann leis an gcinneadh a scaipeadh, lena n-áirítear an cinneadh a chur ar taispeáint agus é a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach.

Airteagal 32.60

Toimhde i dtaobh an údair nó an úinéara

Aithneoidh na Páirtithe, ar mhaithe leis na bearta, nósanna imeachta agus na leigheasanna dá bhforáiltear sa Roinn seo a chur i bhfeidhm:

(a) i gcás údar saothair litríochta nó ealaíne, in éagmais cruthúnas ar a mhalairt, gur leor ainm an údair a bheith le feiceáil ar an saothar ar an ngnáthbhealach ionas go measfar gurb é an t-údar é agus dá dhroim sin go mbeidh sé i dteideal imeachtaí sáraithe a thionscnamh; agus

(b) beidh feidhm ag fomhír (a) *mutatis mutandis* maidir le sealbhóirí ceart a bhaineann le cóipcheart i ndáil leis an ábhar dá gcuid atá faoi chosaint.

([131]) Maidir leis an bPáirtí AE, d'áireofaí ansin freisin, de réir mar is iomchuí, gnéithe seachas tosca eacnamaíocha, amhail an dochar morálta a rinneadh don sealbhóir cirt de bharr an tsáraithe.

Airteagal 32.61

Nósanna imeachta riaracháin

A mhéid is féidir aon leigheas sibhialta a ordú de bharr imeachtaí riaracháin ar fhiúntais cháis, beidh na himeachtaí sin i gcomhréir le prionsabail atá coibhéiseach ó thaobh substainte de leis na prionsabail sin dá bhforáiltear sna forálacha ábhartha den Fhoroinn seo.

FOROINN 2

FORFHEIDHMIÚ TEORANN

Airteagal 32.62

Bearta teorann

1. I dtaca leis na hearraí faoi rialú custaim, déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh, nó a choinneáil ar bun, faoinar féidir le sealbhóir cirt iarratais a chur isteach lena n-iarrtar ar údaráis inniúla earraí a scaoileadh, nó a choinneáil. Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn 'earraí faoi amhras' earraí a bhfuil a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad trádmharcanna, cóipchearta, agus cearta gaolmhara, táscairí geografacha, paitinní, deimhnithe áisiúlachta, deartha tionsclaíocha nó topografaíochtaí ciorcad comhtháite.

2. Beidh córais leictreonacha ar bun ag gach Páirtí le go ndéanfaidh na húdaráis inniúla na hiarratais a dheonófar nó a thaifeadfar a bhainistiú.

3. Áiritheoidh gach Páirtí nach ngearrfaidh a údaráis chustaim inniúla táille chun na costais riaracháin a eascraíonn as próiseáil iarratais nó as taifead a chumhdach.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis inniúla cinneadh maidir le hiarratais a dheonú nó a thaifeadadh laistigh de thréimhse réasúnach ama.

5. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil feidhm ag an iarratas a deonaíodh nó a taifeadadh maidir le hil-lastais.

6. I dtaca leis na hearraí faoi rialú custaim, áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh a údaráis chustaim gníomhú ar a thionscnamh féin chun scaoileadh earraí a bhfuil amhras fúthu maidir le trádmharcanna nó cóipcheart a shárú a chur ar fionraí, nó iad a choinneáil.

7. Úsáidfidh údaráis chustaim anailís riosca chun earraí a bhfuil amhras fúthu a shainaithint. Cuirfidh gach Páirtí an mhír seo chun feidhme i gcomhréir lena dhlí.

8. Féadfaidh nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag gach Páirtí lena gceadófar earraí a bhfuil amhras fúthu a scriosadh, gan an gá roimh ré le himeachtaí riaracháin nó breithiúnacha chun na sáruithe a chinneadh go foirmiúil, i gcásanna ina gcomhthoilíonn na daoine i gceist leis an scriosadh nó nach bhfuil siad ina choinne. Mura ndéantar earraí den sórt sin a dhíothú, áiritheoidh gach Páirtí, ach amháin in imthosca eisceachtúla, go ndiúscrófar earraí den sórt sin lasmuigh de na bealaí tráchtála, ar bhealach lena seachnófar aon díobháil don sealbhóir cirt.

9. Féadfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm aige lena gceadaítear trádmharc góchumtha agus earraí bradacha a sheoltar trí choinsíneachtaí poist nó mearchúiréirí a scriosadh go pras.

10. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh gan an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earraí a chuirtear ar an margadh i dtríú tír ag na sealbhóirí cirt nó lena dtoiliú. Féadfaidh Páirtí cinneadh a dhéanamh gan an tAirteagal seo a chur chun feidhme ar earraí de chineál neamhthráchtála i mbagáiste pearsanta daoine atá ag taisteal.

11. Coinneoidh údaráis chustaim na bPáirtithe idirphlé tráthrialta ar bun agus cuirfidh siad comhar chun cinn leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus le húdaráis eile a bhfuil baint acu le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú.

12. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí faoi amhras. Go háirithe, a mhéid is féidir, malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir le trádáil in earraí faoi amhras a dhéanann difear don Pháirtí eile.

13. Gan dochar do chineálacha comhair eile, beidh feidhm ag an bPrótacal maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim i dtaca le sáruithe ar reachtaíocht maidir le cearta maoine intleachtúla a bhfuil údaráis chustaim Páirtí inniúil chun iad a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 32.63

Comhsheasmhacht le Comhaontú GATT agus TRIPS

Agus bearta teorann á gcur chun feidhme acu i dtaca le forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla ag údaráis chustaim an Pháirtí, má chumhdaítear sin leis an bhForoinn seo nó mura gcumhdaítear, áiritheoidh gach Páirtí comhsheasmhacht lena n-oibleagáidí faoi GATT 1994 agus Comhaontú TRIPS agus, go háirithe le hAirteagal V de GATT 1994, Airteagal 41 agus Roinn 4 de Chuid III de Chomhaontú TRIPS.

ROINN D

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 32.64

Comhar

1. Comhaontóidh na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile d'fhonn tacú le cur chun feidhme na ngealltanas agus na n-oibleagáidí ar tugadh fúthu de bhun na Caibidle seo.

2. D'fhéadfaí a áireamh ar na réimsí comhair maidir le hábhair chosanta agus chur chun feidhme ceart maoine intleachtúla na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) malartú faisnéise faoin gcreat dlíthiúil maidir le cearta maoine intleachtúla agus rialacha ábhartha cosanta agus forfheidhmithe;

(b) taithí ar dhul chun cinn reachtach á mhalartú idir na Páirtithe;

(c) malartú taithí idir na Páirtithe maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú;

(d) taithí a mhalartú idir na Páirtithe maidir le forfheidhmiú ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal folárnach ag údaráis chustaim, póilíní agus údaráis riaracháin agus bhreithiúnacha;

(e) comhordú, le tríú tíortha san áireamh, chun onnmhairiú earraí góchumtha a chosc;

(f) cúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta, agus malartú pearsanra agus oiliúint a chur orthu;

(g) cearta maoine intleachtúla a chosaint agus faisnéis i leith an mhéid sin a scaipeadh, *inter alia*, ar chiorcail ghnó agus an tsochaí shibhialta;

(h) feasacht phoiblí ar thomhaltóirí agus sealbhóirí cirt, chomh maith le feabhas a chur ar an gcomhar institiúideach, idir na hoifigí maoine intleachtúla go háirithe;

(i) cur chun cinn gníomhach ar fheasacht agus oideachas an phobail i gcoitinne i dtaca le beartais maidir le cearta maoine intleachtúla;

(j) comhar poiblí-príobháideach a bhíonn ag plé le FBManna, lena n-áirítear ag imeachtaí nó tionóil atá dírithe ar FBManna, maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus a sárú a laghdú; agus

(k) straitéisí éifeachtacha agus cláir chumarsáide a fhoirmiú chun lucht éisteachta/féachana a shainaithint chun méadú a dhéanamh ar fheasacht tomhaltóirí agus meán ar an éifeacht a bhíonn ag sáruithe ar chearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear an riosca do shláinte agus do shábháilteacht agus an nasc leis an gcoireacht eagraithe.

3. Féadfaidh gach Páirtí na sonraíochtaí táirgí, nó achoimre ar na sonraíochtaí sin, a chur ar fáil go poiblí, agus pointí teagmhála ábhartha chun tásca geografacha an Pháirtí eile a chosnaítear de bhun Fhoroinn 4 de Roinn B a rialú nó a bhainistiú.

4. Coinneoidh na Páirtithe teagmháil ar bun maidir le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmiú na Caibidle seo, go díreach nó tríd an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 32.66.

Airteagal 32.65

Tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara

Féachfaidh gach Páirtí le tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara a éascú chun sárú ar chearta maoine intleachtúla a laghdú, lena n-áirítear sárú ar líne agus i margaí eile a dhíríonn ar fhadhbanna coincréiteacha agus ar réitigh phraiticiúla atá réadúil, comhréireach agus cóir do gach duine lena mbaineann, ar na bealaí seo a leanas san áireamh:

(a) féachfaidh gach Páirtí le páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile go toiliúil ina chríoch chun tionscnaimh dheonacha a éascú d'fhonn teacht ar réitigh agus easaontais a réiteach i dtaca le cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus sárú a laghdú;

(b) féachfaidh gach Páirtí le faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile maidir le hiarrachtaí tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara ina chríoch a éascú; agus

(c) déanfaidh na Páirtithe iarracht idirphlé oscailte agus comhar a chur chun cinn i measc pháirtithe leasmhara na bPáirtithe, agus páirtithe leasmhara na bPáirtithe a spreagadh chun teacht ar réitigh i gcomhpháirt agus chun easaontais a réiteach maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus maidir le sárú a laghdú.

Airteagal 32.66

An Fochoiste um Maoin Intleachtúil

Déanfaidh an Fochoiste um Maoin Intleachtúil ('Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), faireachán ar chur chun feidhme agus feidhmiú ceart na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 32-A, 32-B agus 32-C agus áiritheoidh sé go ndéantar i gceart é. Déanfaidh an Fochoiste freisin cúraimí sonracha a shanntar dó sa Chaibidil seo, lena n-áirítear in Airteagal 32.40.

CAIBIDIL 33

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

ROINN A

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 33.1

Cuspóirí

1. Meabhraíonn na Páirtithe Clár 21 maidir le Comhshaol agus Forbairt, arna ghlacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt in Rio de Janeiro, an 3 go 14 Meitheamh 1992, Plean Cur Chun Feidhme an Chruinnithe Mhullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe Johannesburg 2002, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ('EIS') maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 97ú Seisiún, a reáchtáladh sa Ghinéiv an 10 Meitheamh 2008 ('Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir'), an Doiciméad Deiridh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2012 dar teideal *The Future We Want* [An Todhchaí atá Uainn] agus Clár Oibre 2030 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis.

2. Sa chomhthéacs sin, aithníonn na Páirtithe go bhfuil forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil ina gcomhpháirteanna den fhorbairt inbhuanaithe atá idirspleách agus a threisíonn a chéile ar mhaithe le leas na glúine reatha agus na nglún le teacht.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, is é cuspóir na Caibidle seo an ghaolmhaireacht sa trádáil agus san infheistíocht idir na Páirtithe a bhreisiú ar bhealach a chuireann le forbairt inbhuanaithe, go háirithe maidir leis na gnéithe saothair ([132]) agus comhshaoil atá ábhartha don trádáil agus don infheistíocht.

4. Léirítear sa Chaibidil seo cur chuige comhoibritheach bunaithe ar luachanna agus leasanna coiteanna.

Airteagal 33.2

An ceart chun rialáil agus leibhéil chosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí chun a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe féin a chinneadh, go háirithe chun a leibhéil chosanta saothair intíre agus comhshaoil dílse a leagan síos, agus chun a dhlí agus a bheartais a bhaineann le saothair agus comhshaoil a ghlacadh nó a mhodhnú dá réir sin.

2. Beidh na leibhéil chosanta, dlíthe agus beartais dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le tiomantas gach Páirtí do na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ('MEAnna') agus na caighdeáin agus na comhaontuithe saothair iltaobhacha, dá dtagraítear sa Chaibidil seo, ar páirtí iontu é.

3. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall a áirithiú go ndéanfar foráil ina dhlíthe, ina rialacháin agus ina bheartais chomhshaoil agus saothair agus spreagfaidh sé ardleibhéal cosanta comhshaoil, agus saothair agus déanfaidh sé a dhícheall chun leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar na leibhéil cosanta comhshaoil agus saothair dá ndéantar foráil ina dhlíthe, ina rialacháin agus ina bheartais.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlíthe agus ina rialacháin chomhshaoil agus saothair a lagú ná a laghdú chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

5. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin chomhshaoil agus saothair a tharscaoileadh ná a mhaolú ar bhealach eile, ná tairiscint a dhéanamh iad a tharscaoileadh nó a mhaolú ar bhealach eile, ar bhealach a lagaíonn nó a laghdaíonn na leibhéil chosanta a thugtar sna dlíthe agus sna rialacháin sin chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

6. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlí agus rialacháin chomhshaoil agus saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach a bhealach a dhéanfaidh difear do thrádáil nó infheistíocht.

7. Coinníonn gach Páirtí an ceart le discréid réasúnach a fheidhmiú agus chun cinntí *bona fide* a dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní forfheidhmithe i gcomhréir leis na tosaíochtaí maidir le forfheidhmiú a dhlíthe agus a rialacháin chomhshaoil agus saothair.

8. Ní chuirfidh Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin chomhshaoil agus saothair i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil nó infheistíocht.

Airteagal 33.3

Trádáil agus iompar gnó freagrach agus bainistíocht slabhraí soláthair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach trí iompar gnó freagrach / trí chleachtais maidir le freagracht shóisialta chorparáideach agus ról na trádála chun an cuspóir sin a bhaint amach.

2. I gcomhréir le mír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) iompar gnó freagrach nó freagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn trí ghnólachtaí a spreagadh chun na cleachtais ábhartha a ghlacadh atá comhsheasmhach le prionsabail, caighdeáin agus treoirlínte a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear treoirlínte earnála maidir le dícheall cuí, a d'fhormhuinigh nó ar thacaigh an Páirtí sin leo; agus

([132]) Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn an téarma 'saothar' cuspóirí straitéiseacha EIS faoin gClár Oibre um Obair Chuibhiúil, a léirítear i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir.

(b) tacú le scaipeadh agus úsáid ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha a d'fhormhuinigh nó ar thacaigh an Páirtí sin leo, amhail Treoirlínte ECFE le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta, an Dearbhú Tripháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta ó EIS a glacadh sa Ghinéiv i mí na Samhna 1977 ('Dearbhú Tripháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta EIS'), Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine arna bhformhuiniú ag an gComhairle um Chearta an Duine le Rún 17/4 an 16 Meitheamh 2011.

3. Aithníonn na Páirtithe áirgiúlacht treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí / i réimse an iompair fhreagraigh gnó agus cuirfidh siad obair chomhpháirteach chun cinn ina leith sin. Cuirfidh na Páirtithe freisin bearta i bhfeidhm chun cloí le Treoirlínte um Dhícheall Cuí ECFE a chur chun cinn.

4. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le cur chun cinn trádála earraí a chuireann le dálaí sóisialta feabhsaithe agus cleachtais atá fónta ó thaobh an chomhshaoil, amhail earraí agus seirbhísí comhshaoil a rannchuidíonn le geilleagar tíosach ar acmhainní, ísealcharbóin, nach nasctar a dtáirgeadh le dífhoraoisiú agus earraí atá faoi réir scéimeanna agus sásraí dearbhaithe inbhuanaitheachta deonacha.

5. Malartóidh na Páirtithe faisnéis chomh maith le dea-chleachtais agus, de réir mar is iomchuí, rachaidh siad i gcomhar le chéile, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

Airteagal 33.4

Faisnéis eolaíoch agus theicniúil

1. Agus bearta á mbunú nó á gcur chun feidhme ag na Páirtithe arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht idir na Páirtithe a chosaint, déanfaidh gach Páirtí faisnéis eolaíoch agus theicniúil, ó chomhlachtaí aitheanta teicniúla agus eolaíochta más féidir, chomh maith le caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, treoirlínte nó moltaí, áit ar ann dóibh, a chur san áireamh.

2. Má tá fianaise nó faisnéis eolaíoch neamh-leordhóthanach nó neamhchinntitheach ann agus go bhfuil riosca díghrádú comhshaoil tromchúiseach nó riosca le sláinte agus sábháilteacht ghairme ina chríoch, féadfaidh Páirtí bearta a ghlacadh bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim. Beidh bearta den sórt sin faoi réir athbhreithniú má thagann faisnéis eolaíocht nua nó bhreise chun cinn.

3. Má bhíonn tionchar ag beart a ghlactar i gcomhréir le mír 2 ar thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe, féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí a rinne an beart faisnéis a sholáthar ina dtugtar le fios go bhfuil an beart comhsheasmhach lena leibhéil féin chosanta, agus féadfaidh sé plé a iarraidh ar an ábhar san Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

4. Ní chuirfear bearta den sórt sin i bhfeidhm ar bhealach a bheadh ina mhodh d'idirdhealú treallach nó gan údar, nó srian faoi cheilt ar thrádáil nó infheistíocht.

Airteagal 33.5

Trédhearcacht agus dea-chleachtais rialála

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le trédhearcacht agus dea-chleachtais rialála i gcomhréir le Caibidlí 35 agus 36, go háirithe na rialacha ina dtugtar deiseanna do dhaoine ar suim leo tuairimí a chur isteach i leith:

(a) bearta arb é is aidhm dóibh an comhshaol agus dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht a chosaint; agus

(b) bearta trádála nó infheistíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil nó do chosaint dálaí saothair.

Airteagal 33.6

Feasacht phoiblí, faisnéis, rannpháirtíocht agus ráthaíochtaí nós imeachta

1. Déanfaidh gach Páirtí feasacht phoiblí a chur chun cinn maidir lena dhlíthe agus lena rialacháin saothair agus chomhshaoil, lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil a dhlíthe agus a rialacháin saothair agus chomhshaoil agus a nósanna imeachta forfheidhmithe agus comhlíontachta ar fáil go poiblí.

2. Déanfaidh gach Páirtí iarracht freastal ar iarrataí ar fhaisnéis ó aon duine maidir le cur chun feidhme na Caibidle seo ag Páirtí.

3. Úsáidfidh gach Páirtí na sásraí dá dtagraítear Airteagail 40.5, 40.6 agus 40.7 chun tuairimí a lorg ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo.

4. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le fáil, agus tabharfaidh sé aird chuí ar chumarsáidí agus tuairimí trí aighneachtaí scríofa ó dhuine den Pháirtí sin ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo i gcomhréir lena nósanna imeachta intíre. Freagróidh Páirtí aighneachtaí den sórt sin i scríbhinn agus go tráthúil. Féadfaidh sé fógra a thabhairt faoi chumarsáidí agus tuairimí den sórt sin don Ghrúpa Comhairleach Intíre arna bhunú de bhun Airteagal 40.6 agus pointe teagmhála an Pháirtí eile, arna ainmniú de bhun Airteagal 33.19(6).

5. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlí, go mbeidh rochtain ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha ar fáil do dhaoine a bhfuil leas a aithnítear go dlíthiúil acu in ábhar ar leith nó a áitíonn go sáraítear a gceart, chun gníomhaíocht a cheadú in aghaidh sáruithe ar a dhlí comhshaoil nó saothair, lena n-áirítear leigheasanna iomchuí i leith sáruithe ar an dlí sin.

6. Déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlí, a áirithiú go gcomhlíonann na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 5 le próis chuí, nach mbeidh siad róchostasach, agus nach mbeidh teorainneacha ama míréasúnacha ná moilleanna gan údar i gceist leo, go soláthrófar féidearthacht urghaire a ordú, más iomchuí, agus go mbeidh siad cothrom, cothromasach agus trédhearcach.

Airteagal 33.7

Gníomhaíochtaí comhair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí comhair ar ghnéithe a bhaineann le trádáil de na beartais chomhshaoil agus saothair chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach agus an Chaibidil seo a chur chun feidhme.

2. Is féidir gníomhaíochtaí comhair a fhorbairt agus a chur chun feidhme le rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha chomh maith le tríú tíortha, gnólachtaí, eagraíochtaí fostóirí agus oibrithe, eagraíochtaí oideachais agus taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, de réir mar is iomchuí.

3. Déanfar gníomhaíochtaí comhair ar shaincheisteanna agus topaicí ar a n-aontaíonn na Páirtithe chun dul i ngleic le hábhair leasa choitinn.

4. Féadfaidh na Páirtithe comhoibriú ar shaincheisteanna dá bhforáiltear sa Chaibidil seo chomh maith le, *inter alia*:

(a) gnéithe saothair agus comhshaoil na trádála agus na forbartha inbhuanaithe i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear go háirithe EDT, Fóram Polaitiúil Ardleibhéil NA um an Fhorbairt Inbhuanaithe, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe ('UNEP'), EIS agus MEAnna;

(b) tionchar na ndlíthe saothair agus comhshaoil agus na gcaighdeán saothair agus comhshaoil ar thrádáil agus ar infheistíocht;

(c) tionchar an dlí maidir le trádáil agus infheistíocht ar chúrsaí saothair agus an comhshaol. agus

(d) gnéithe a bhaineann le trádáil díobh seo a leanas:

(i) tionscnaimh maidir le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe, lena n-áirítear na tionscnaimh sin arb é is aidhm dóibh geilleagar ciorclach agus fás glas agus laghdú ar thruailliú a chur chun cinn; agus

(ii) tionscnaimh chun earraí agus seirbhísí comhshaoil a chur chun cinn, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní gaolmhara neamhtharaifí.

5. Cinnfidh na Páirtithe i gcomhpháirt na tosaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí comhair bunaithe ar réimsí leasa choitinn agus na hacmhainní atá ar fáil.

6. Féadfaidh na Páirtithe gníomhaíochtaí a dhéanamh sna réimsí comhair a leagtar amach sa Chaibidil i láthair go pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta a bheidh ar fáil do na Páirtithe.

ROINN B

AN COMHSHAOL AGUS TRÁDÁIL

Airteagal 33.8

Cuspóirí

1. Tá sé mar aidhm ag na Páirtithe beartais trádála agus chomhshaoil atá tacúil go frithpháirteach, ardleibhéil cosanta comhshaoil i gcomhréir le MEAnna a bhfuil siad ina bpáirtí iontu, faoi seach, agus cur chun feidhme éifeachtach a ndlíthe agus a rialacháin chomhshaoil faoi seach a chur chun cinn, agus a gcumas chun dul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear trí chomhar.

2. Maidir le tairbhí ag comhar breisithe chun an comhshaol a chosaint agus a chaomhnú agus a n-acmhainní nádúrtha a bhainistiú go hinbhuanaithe, aithníonn na Páirtithe go bhfuil tairbhí leo is féidir rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe, a rialachas comhshaoil a neartú agus cuspóirí an Chomhaontaithe seo a chomhlánú.

3. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le beartais agus cleachtais trádála agus chomhshaoil thacúla chun cosaint chomhshaoil a fheabhsú chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

Airteagal 33.9

Rialachas agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le Tionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe de UNEP. Aithníonn na Páirtithe ról ríthábhachtach MEAnna chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil dhomhanda, réigiúnacha agus intíre. Aithníonn na Páirtithe a thuilleadh an gá le tacaíocht fhrithpháirteach idir beartais trádála agus chomhshaoil a bhreisiú. Dá réir sin, cuirfidh gach Páirtí MEAnna a bhfuil siad ina bpáirtí iontu, lena n-áirítear a bprótacail, i bhfeidhm go héifeachtach.

2. Aithníonn na Páirtithe ceart gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun cuspóirí MEAnna ar páirtí iontu é a chur chun cinn.

3. Tabharfaidh na Páirtithe faoi idirphlé agus comhar, de réir mar is iomchuí, maidir le saincheisteanna trádála agus comhshaoil de leas coiteann, go háirithe i ndáil le MEAnna. Áireofar ansin malartuithe tráthrialta faisnéise maidir le tionscnaimh gach Páirtí a mhéid a bhaineann le daingnithe MEAnna, lena n-áirítear a bprótacail agus a leasuithe.

Airteagal 33.10

Trádáil agus athrú aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá MEAnna i réimse an athraithe aeráide, go háirithe an gá le cuspóir UNFCCC a bhaint amach, agus cuspóir agus spriocanna Chomhaontú Pháras, chun dul i ngleic le bagairt phráinneach an athraithe aeráide. Dá réir sin, aithníonn na Páirtithe ról na trádála chun sprioc na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, chomh maith le tábhacht na n-iarrachtaí aonair agus cnuasaitheacha le dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide trí ghníomhaíochtaí maolaithe agus oiriúnaithe.

2. I gcomhréir le mír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) UNFCCC agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear a ghealltanais i ndáil le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta;

(b) rannchuidiú dearfach na trádála leis an aistriú chuig geilleagar íseal i dtaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an geilleagar ciorclach agus le forbairt aeráid-díonach, lena n-áirítear gníomhaíochta maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide; agus

(c) trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí a bhfuil ábharthacht ar leith acu don mhaolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a éascú agus a chur chun cinn, le haghaidh fuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe agus le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha eile an Chomhaontaithe seo.

3. I gcomhréir le hAirteagal 33.7, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, de réir mar is iomchuí, maidir le gnéithe den athrú aeráide, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear in UNFCCC, in EDT agus i bPrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, arna chur i gcrích in Montréal an 16 Meán Fómhair 1987 ('Prótacal Montréal'). Thairis sin, féadfaidh na Páirtithe dul i gcomhar, de réir mar is iomchuí, ar na saincheisteanna sin freisin san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

4. I gcomhréir le mír 1, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimsí amhail:

(a) eolas agus taithí a mhalartú maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, chomh maith le tionscnaimh chun athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide, fuinneamh in-athnuaite, teicneolaíochtaí ísealcharbóin, éifeachtúlacht fuinnimh, praghsáil charbóin, iompar inbhuanaithe, forbairt bonneagair inbhuanaithe agus aeráidseasmhach, faireachán ar astaíochtaí agus réitigh dúlrabhunaithe; chomh maith le roghanna a fhiosrú chun comhoibriú i réimsí amhail truailleáin aeráide ghearrshaolacha agus ceapadh carbóin ithreach; agus

(b) eolas agus taithí a mhalartú maidir le deireadh uaillmhianach a chur le substaintí ídithe ózóin agus hidreafluaracarbóin a laghdú de réir a chéile faoi Phrótacal Montréal trí bhearta chun a dtáirgeadh, a dtomhaltas agus a dtrádáil a rialú, táirgí malartacha nach ndéanann díobháil don chomhshaol a thabhairt isteach in ionad substaintí ídithe ózóin agus hidreafluaracarbóin, sábháilteacht agus caighdeáin ábhartha eile a thabhairt cothrom le dáta, agus trádáil neamhdhleathach substaintí atá rialaithe ag Prótacal Montréal a chomhrac, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 33.11

Trádáil agus foraoisí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. I gcomhréir le mír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) bearta a chur chun feidhme chun lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar a chomhrac, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí comhair le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí;

(b) caomhnú agus bainistíocht foraoisí ar bhealach inbhuanaithe a spreagadh;

(c) trádáil agus tomhailt adhmaid agus táirgí adhmaid a fhaightear go dlíthiúil ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe a chur chun cinn; agus

(d) faisnéis a mhalartú agus, de réir mar is iomchuí, comhoibriú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh a bhaineann le trádáil maidir le lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac, bainistiú inbhuanaithe foraoisí, dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise, rialachas foraoisí agus caomhnú cumhdaigh foraoise, agus tionchar agus tacaíocht fhrithpháirteach a mbeartas leasa chomhchoitinn faoi seach a uasmhéadú.

3. Ag aithint go bhfuil príomhról ag foraoisí agus a mbainistiú inbhuanaithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus bithéagsúlacht a chothú, cuirfidh gach Páirtí tionscnaimh chun cinn ina dtéitear i ngleic le dífhoraoisiú, lena n-áirítear trí shlabhraí soláthair saor ó dhífhoraoisiú. Ina theannta sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 33.7, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, chun dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a íoslaghdú ar fud an domhain.

Airteagal 33.12

Trádáil agus flóra agus fána fiáin

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta fána agus flóra fhiáin nach mbagraíonn a marthanas a áirithiú, mar a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol, arna dhéanamh in Washington, D.C. an 3 Márta 1973 ('CITIES').

2. I gcomhréir le mír 1, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun trádáil neamhdhleathach i bhflóra agus fána fiáin a chomhrac, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí comhair le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí; agus

(b) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na speiceas a liostaítear sna Foscríbhinní a ghabhann le CITIES a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhoibriú sna comhlachtaí CITIES ábhartha chun na Foscríbhinní a ghabhann le CITIES a choinneáil cothrom le dáta agus trí áireamh speiceas a mheastar a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus critéir eile arna mbunú faoi CITIES.

3. I gcomhréir le hAirteagal 33.7, féadfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, oibriú i gcomhar nó faisnéis a mhalartú go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann le dul i ngleic le trádáil neamhdhleathach i bhflóra agus fána fiáin, lena n-áirítear trí fheasacht a ardú chun éileamh a laghdú ar tháirgí agus tionscnaimh fiadhúlra neamhdhleathacha chun comhar maidir le comhroinnt faisnéise agus forfheidhmiú a bhreisiú.

Airteagal 33.13

Trádáil agus bithéagsúlacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe, agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992 agus MEAnna eile a bhfuil siad ina bpáirtí iontu, agus na cinntí arna nglacadh fúthu sin.

2. I gcomhréir le mír 1, déanfaidh gach Páirtí bearta chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú nuair atá sí faoi réir brúnna atá nasctha le trádáil agus infheistíocht, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise agus taithí, agus bearta chun scaipeadh speicis choimhthíocha ionracha a chosc, ag aithint gur féidir le gluaiseacht speiceas coimhthíoch ionrach talún agus uisceach thar theorainneacha trí chosáin a bhaineann le trádáil drochthionchar a imirt ar an gcomhshaol, ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus forbairt eacnamaíoch, agus ar shláinte an duine.

3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé meas a léiriú ar eolas, nuálaíochtaí agus cleachtais pobal dúchasach agus pobal áitiúil lena gcorpraítear stíleanna maireachtála traidisiúnta, agus iad a chaomhnú agus a choinneáil ar bun, rud a chuireann le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, chomh maith le ról na trádála ansin.

4. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rochtain ar acmhainní géiniteacha agus comhroinnt chothrom agus chothromasach tairbhí a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha a chur chun cinn, i gcomhréir lena mbearta intíre faoi seach agus oibleagáidí idirnáisiúnta gach Páirtí.

5. Aithníonn na Páirtithe freisin an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus comhairliúchán poiblí, i gcomhréir lena ndlí nó a mbeartas faoi seach, i bhforbairt agus cur chun feidhme beart a bhaineann le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta.

6. I gcomhréir le hAirteagal 33.7, féadfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, cur chun cinn, oibriú i gcomhar nó faisnéis a mhalartú go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, maidir le gnéithe a bhaineann le trádáil de bheartais bhithéagsúlachta agus bearta leasa choitinn, amhail:

(a) tionscnaimh agus dea-chleachtais a bhaineann le trádáil i dtáirgí bunaithe ar acmhainní a fhaightear ó úsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha agus a chuireann le caomhnú na bithéagsúlachta;

(b) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, agus cosaint, athchóiriú agus luacháil éiceachóras agus a gcuid seirbhísí agus ionstraimí eacnamaíocha gaolmhara; agus

(c) rochtain ar acmhainní géiniteacha agus na tairbhí a eascraíonn óna úsáid a roinnt go cothrom agus go cothromasach.

Airteagal 33.14

Trádáil agus bainistíocht inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothrú

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, mar aon leis an ról atá ag an trádáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

2. Fad is a fhorbraítear agus a chuirtear chun feidhme bearta caomhnaithe agus bainistíochta, cuirfidh na Páirtithe san áireamh imní shóisialta, thrádála, forbartha agus chomhshaoil agus an tábhacht a bhaineann le hiascaigh cheardaíochta nó ar scála beag le slite beatha na bpobal iascaigh áitiúil.

3. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh tionchair dhiúltacha thromchúiseacha a bheith ag iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) ([133]) ar stoic éisc, ar inbhuanaitheacht na trádála i dtáirgí iascaigh, agus ar fhorbairt agus ar an gcomhshaol, agus deimhníonn siad an gá atá le gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na ró-iascaireachta agus úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní iascaigh.

4. I gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) prionsabail na gcomhaontuithe a leanas a chur chun feidhme agus gníomhú i gcomhréir leo: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a rinneadh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982, Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 4 Lúnasa 1995, Comhaontú Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ('FAO'), Comhaontú chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn, arna ghlacadh sa Róimh an 24 Samhain 1993, an Cód Iompair d'Iascaigh Fhreagracha de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta arna ghlacadh i Rún 4/95 an 31 Deireadh Fómhair 1995, agus Comhaontú na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Bearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, arna dhéanamh sa Róimh, an 22 Samhain 2009;

(b) bheith rannpháirteach i dtionscnamh na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Taifead Domhanda na Soithí Iascaireachta, Soithí Iompair Cuisnithe agus Soithí Soláthair;

(c) iarracht a dhéanamh córas bainistíochta iascaigh a oibriú bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar dhea-chleachtais atá aitheanta go hidirnáisiúnta le haghaidh bainistíocht agus caomhnú iascaigh, mar a léirítear sna forálacha ábhartha ar ionstraimí idirnáisiúnta dírithe ar úsáid inbhuanaithe agus caomhnú speiceas muirí a áirithiú ([134]), agus deartha, *inter alia*, chun:

(i) ró-iascaireacht agus róthoilleadh a chosc;

(ii) foghabháil speiceas nach spriocspeicis iad a laghdú;

(iii) athshlánú stoc a ndearnadh ró-iascaireacht orthu a chur chun cinn le haghaidh gach iascach muirí; agus

(iv) bainistíocht iascaigh ina bhfuil cur chuige éiceachórais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhar i measc Páirtithe;

(d) chun tacú le hiarrachtaí chun dul i ngleic le cleachtais iascaireachta NNN agus chun cuidiú le trádáil earraí a thagann ó speicis arna mbuain leis na cleachtais sin a dhíspreagadh:

([133]) Tuigtear leis an téarma 'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte' go bhfuil an bhrí chéanna leis mar a leagtar amach i mír 3 den Phlean Idirnáisiúnta Gníomhaíochta chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, arna ghlacadh sa Róimh, 2001 ('Plean Gníomhaíochta Iascaireachta NNN 2001').

([134]) Áirítear leis na hionstraimí sin, i measc eile agus de réir mar is infheidhme iad, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, an Comhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme, Cód Iompair d'Iascaigh Fhreagracha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, Comhaontú FAO chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn, Plean Gníomhaíochta Iascaireachta um Iascaireacht NNN 2001, agus Comhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú.

(i) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun dul i ngleic le hiascaireacht NNN;

(ii) úsáid córas faireacháin, rialaithe, faireachais, comhlíontachta agus forfheidhmithe a áirithiú, chun:

(A) i gcomhréir lena oibleagáidí idirnáisiúnta agus a dhlí, soithí a bhfuil a bhrat ar foluain acu agus a dhaoine nádúrtha a chosc agus a dhíspreagadh ó bheith páirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN; agus

(B) aghaidh a thabhairt ar thrasloingsiú ar muir iasc nó táirgí éisc chun gníomhaíochtaí iascaireachta NNN a dhíspreagadh agus a sheachaint;

(iii) bearta stát an chalafoirt a chur chun feidhme; agus

(iv) bearta a chur chun feidhme chun iascaireacht NNN agus táirgí éisc a chosc ó shlabhraí soláthair gach Páirtí a iontráil agus oibriú i gcomhar chuige sin, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise a éascú;

(e) páirt ghníomhach a ghlacadh in obair na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh ('ERBInna') ina bhfuil sé ina chomhalta, ina bhreathnóir, nó ina pháirtí comhoibritheach neamhchonarthach, arb é is aidhm dó dea-rialachas iascaigh agus iascach inbhuanaithe a bhaint amach, amhail trí thaighde eolaíochta a chur chun cinn agus bearta caomhnaithe a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil, trí shásraí comhlíonta a neartú, athbhreithnithe tréimhsiúla ar fheidhmíocht a dhéanamh agus rialú, faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach ar bhearta bainistithe de chuid ERBInna a dhéanamh agus, i gcás inarb infheidhme, doiciméadacht ghabhála nó scéimeanna deimhniúcháin bearta stát an chalafoirt a dhéanamh agus a chur chun feidhme;

(f) iarracht a dhéanamh feidhmiú i gcomhréir le bearta caomhnaithe agus bainistíochta ábhartha arna nglacadh ag ERBInna nach bhfuil sé ina gcomhalta díobh ionas nach ndéantar dochar do na bearta sin agus féachaint le gan dochar a dhéanamh do scéimeanna doiciméadachta gabhála nó trádála arna n-oibriú ag ERBInna nó socruithe nach bhfuil sé ina chomhalta dóibh; agus

(g) forbairt dobharshaothraithe inbhuanaithe agus fhreagraigh a chur chun cinn, agus na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de á gcur san áireamh, de réir chur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá i gCód Iompair na hEagraíocht Bia agus Talmhaíochta maidir le hIascach Freagrach.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 33.7, go déthaobhach agus laistigh de ERBInna agus é mar aidhm acu cleachtais inbhuanaithe iascaireachta agus trádáil i dtáirgí éisc a chur chun cinn ó iascaigh a bhainistítear go hinbhuanaithe. Ina theannta sin, féadfaidh na Páirtithe oibriú i gcomhar chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú le tacú le cur chun feidhme an Airteagail seo.

ROINN C

SAOTHAR AGUS TRÁDÁIL

Airteagal 33.15

Cuspóirí

1. Aithníonn na Páirtithe go dtugann trádáil agus infheistíocht deiseanna chun poist a chruthú agus obair chuibhiúil, lena n-áirítear le haghaidh daoine óga, le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a chloíonn leis na prionsabail a leagtar síos i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, a glacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998 agus arna leasú in 2022 ('Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair') agus i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir arna ghlacadh an 10 Meitheamh 2008 agus arna leasú in 2022 ('Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir').

2. Tá sé mar aidhm ag na Páirtithe ardleibhéil cosanta saothair a áirithiú i gcomhréir leis na caighdeáin saothair idirnáisiúnta lena gcloíonn siad agus chun beartais trádála agus saothair tacúil go frithpháirteach d'fhonn coinníollacha oibre agus cáilíocht saoil fostaithe a fheabhsú. Déanfaidh siad iarracht forbairt agus bainistíocht caipitil daonna a fheabhsú le haghaidh infhostaitheacht, sármhaitheas gnó, agus táirgiúlacht níos mó ar mhaithe le leas oibrithe agus fiontar araon. Dá réir sin, féachann na Páirtithe le deiseanna a sholáthar do dhaoine óga chun na scileanna is gá a fhorbairt chun rochtain a fháil go rathúil ar an margadh saothair agus fanacht ann.

3. Tá sé mar aidhm ag na Páirtithe oibriú i gcomhar ar shaincheisteanna saothair de leas coiteann a bhaineann le trádáil d'fhonn an caidreamh níos leithne idir na Páirtithe a neartú.

Airteagal 33.16

Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad d'fhorbairt na trádála idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuideoidh le hobair chuibhiúil do chách, go háirithe mná, daoine óga agus daoine faoi mhíchumas, i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi seach faoi EIS, lena n-áirítear iad sin a luaitear i nDearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir.

2. Ag tabhairt chun cuimhne Dhearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir tugann na Páirtithe faoi deara nach féidir sárú ar chearta agus prionsabail bhunúsacha ag an obair a agairt ná a úsáid ar bhealach eile mar bhuntáiste inchomparáide dlisteanach agus nár cheart caighdeáin saothair a úsáid chun críoch caomhnaitheachta trádála.

3. Cuirfidh gach Páirtí chun feidhme go héifeachtach Coinbhinsiúin EIS atá daingnithe ag na Ballstáit agus ag an tSile faoi seach.

4. I gcomhréir le Bunreacht EIS, arna ghlacadh mar Chuid XIII de Chonradh Versailles, arna shíniú an 28 Meitheamh 1919 agus le Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair, déanfaidh gach Páirtí na croíchaighdeáin saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiúin bhunúsacha EIS a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, arb iad:

(a) saoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach don cheart chun margála comhchoitinne;

(b) gach cineál saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíchur;

(c) cealú éifeachtach saothair leanaí lena n-áirítear cosc ar na foirmeacha is measa den saothar leanaí;

(d) idirdhealú a dhíchur i leith fostaíochta agus gairm bheatha. agus

(e) timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil.

5. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta faoin dul chun cinn atá déanta acu faoi seach maidir le Coinbhinsiún EIS nó prótacail a aicmítear amhail suas chun dáta ag EIS agus nach bhfuil siad ina bPáirtithe iontu go fóill.

6. Déanfaidh gach Páirtí Clár Oibre um Obair Chuibhiúil EIS a chur chun cinn mar a leagtar amach i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dálaí cuibhiúla oibre do chách, i ndáil le, *inter alia*, pá agus tuilleamh, uaireanta oibre, dálaí oibre eile agus cosaint shóisialta; agus

(b) idirphlé sóisialta faoi chúrsaí saothair i measc oibrithe agus fostóirí, agus a n-eagraíochtaí faoi seach, agus le húdaráis rialtais ábhartha.

7. I gcomhréir lena ghealltanais faoi EIS, déanfaidh gach Páirtí an méid a leanas:

(a) bearta agus beartais maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde a ghlacadh agus a chur chun feidhme; agus

(b) córas cigireachta saothair a choinneáil ar bun i gcomhréir le caighdeáin EIS ábhartha maidir le cigireacht saothair.

Airteagal 33.17

Saothar éignithe nó éigeantach

1. Ag meabhrú go bhfuil díothú an tsaothair éignithe i measc na gcuspóirí de Chlár 2030, cuireann na Páirtithe i dtábhacht daingniú dearbhaithe agus cur chun feidhme éifeachtach Phrótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930, a glacadh sa Ghinéiv an 11 Meitheamh 2014.

2. Aithníonn na Páirtithe an sprioc de gach cineál saothair éignithe nó éigeantach a dhíothú, lena n-áirítear saothar leanaí éignithe nó éigeantach.

3. Dá dhroim sin, sainaithneoidh na Páirtithe deiseanna le haghaidh comhair, ag comhroinnt faisnéise, eispéireas agus dea-chleachtas a bhaineann le gach foirm saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíothú.

Airteagal 33.18

Comhar maidir le saincheisteanna trádála agus saothair

I gcomhréir le hAirteagal 33.7, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle agus comhoibreoidh siad le chéile, de réir mar is iomchuí, go déthaobhach agus i gcomhthéacs EIS, maidir le saincheisteanna saothair leasa choitinn, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta díobh seo a leanas:

(a) cruthú post agus fostaíocht tháirgiúil, ardcháilíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear beartais chun fás ina mbeidh poist ar fáil go flúirseach a ghiniúint agus fiontair agus fiontraíocht inbhuanaithe a chur chun cinn;

(b) feabhsúcháin i dtáirgiúlacht ghnó agus saothair a chur chun cinn, go háirithe i leith fiontair bheaga agus mheánmhéide;

(c) forbairt caipitil dhaonna, rochtain ar mhargadh saothair agus infhostaitheacht a bhreisiú, go háirithe i leith daoine óga, lena n-áirítear trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus gairmoiliúint, oideachas leanúnach, oiliúint agus forbairt agus uasghrádú scileanna, lena n-áirítear i dtionscail atá ag teacht chun cinn agus tionscail chomhshaoil;

(d) cothromaíocht oibre agus saoil agus cleachtais nuálacha san áit oibre chun folláine oibrithe a bhreisiú;

(e) feasacht maidir le Clár Oibre um Obair Chuibhiúil EIS a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir leis na hidirnaisc idir trádáil agus fostaíocht iomlán tháirgiúil, coigeartú mhargadh an tsaothair, croíchaighdeáin saothair, obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, idirphlé sóisialta agus comhionannas inscne;

(f) poist de cháilíocht mhaith a chur chun cinn trí thrádáil, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú le deireanaí;

(g) sábháilteacht agus sláinte gairme agus cigireacht saothair, mar shampla, sásraí comhlíontachta agus forfheidhmithe a fheabhsú;

(h) dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna a bhaineann le lucht saothair éagsúil, ilghlúine, tríd an méid a leanas:

(i) comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha a dhíothú; agus

(ii) oibrithe soghonta a chosaint;

(i) caidreamh saothair a fheabhsú, mar shampla, dea-chleachtas a mhalartú i réiteach malartach díospóidí agus comhairliúchán tríthaobhach;

(j) cur chun feidhme Choinbhinsiúin EIS bhunúsacha, tosaíochta agus eile atá cothrom le dáta, chomh maith le Dearbhú Tripháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta EIS, agus Prionsabail Threoracha maidir le Gnó agus Cearta an Duine na Náisiún Aontaithe; agus

(k) staitisticí saothair.

ROINN D

SOCRUITHE INSTITIÚIDEACHA

Airteagal 33.19

An Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe agus pointí teagmhála

1. Beidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe ('Fochoiste') arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1) comhdhéanta, don tSile, d'oifigigh ó na hinstitiúidí atá freagrach as trádáil, saothar, comhshaol agus saincheisteanna inscne.

2. Beidh seisiúin shonracha ag an bhFochoiste maidir le hábhair chomhshaoil agus shaothair ([135]), faoi seach, chomh maith le maidir le saincheisteanna trasghearrtha a bhaineann le trádáil agus forbairt inbhuanaithe.

3. Is iad feidhmeanna an Fhochoiste:

(a) éascú, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Caibidle seo;

(b) na gníomhaíochtaí comhair a leagtar síos sa Chaibidil seo a chinneadh, a eagrú, a mhaoirsiú agus a mheasúnú, lena n-áirítear malartú faisnéise agus eispéiris ar réimsí leasa choitinn;

(c) moltaí a thuairisciú agus a chur faoi bhráid an Chomhchoiste ar aon ábhar a bhaineann leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear i ndáil le hábhair atá le plé leis na sásraí sochaí sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 40.5;

(d) na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 33.21 agus 33.22 a chomhlíonadh;

(e) comhordú le Fochoistí eile arna mbunú faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i ndáil le hiarrachtaí chun saincheisteanna, breithnithe agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hinscne a chomhtháthú ina gcuid oibre dá dtagraítear in Airteagal 34.4(8); agus

(f) aon fheidhm eile a dhéanamh de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

4. Féadfaidh an Fochoiste, mar a comhaontaíodh go frithpháirteach, dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara nó saineolaithe nó a gcomhairle a lorg ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo.

5. Ullmhóidh an Fochoiste, de chomhthoil, tuarascáil ar gach cruinniú agus foilseoidh sé é tar éis gach cruinnithe.

6. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála laistigh dá riarachán chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú ar aon ábhar a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo. Maidir leis an tSile, beidh pointí teagmhála sonracha d'ábhair shaothair, chomhshaoil agus inscne laistigh dá Forúnaíocht um Chaidreamh Eacnamaíoch Idirnáisiúnta den Aireacht Gnóthaí Eachtracha nó a chomharba. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile maidir lena phointí teagmhála agus soláthróidh sé a fhaisnéis theagmhála.

7. Déanfaidh na pointí teagmhála na nithe seo a leanas:

(a) cumarsáid agus comhordú tráthrialta idir na Páirtithe a éascú;

(b) d'ainneoin Airteagal 8.7(2), cuidiú leis an bhFochoiste lena n-áirítear an clár oibre a bhunú agus na hullmhúcháin uile eile is gá a dhéanamh do chruinnithe an Fhochoiste.

(c) cumarsáid a dhéanamh lena sochaí shibhialta faoi seach, de réir mar is iomchuí; agus

(d) oibriú le chéile, lena n-áirítear le comhlachtaí eile iomchuí a riarachán, chun gníomhaíochtaí comhair a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

([135]) Is féidir na hábhair chomhshaoil agus shaothair a phlé i seisiúin aonair nó i seisiúin i ndiaidh a chéile.

Airteagal 33.20

Réiteach díospóide

1. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht is féidir trí idirphlé, trí mhalartú faisnéise agus trí chomhar chun aghaidh a thabhairt ar aon easaontas idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

2. I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir leis an mbrí a bhaintear as an gCaibidil seo nó a cur i bhfeidhm, beidh teacht ag na Páirtithe, go heisiach, ar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna mbunú de bhun Airteagail 33.21 agus 33.22.

Airteagal 33.21

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí ('an Páirtí iarrthach'), tráth ar bith, comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile ('an Páirtí is freagróir') maidir le ní ar bith a eascraíonn as léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí is freagróir. Leagfar amach na cúiseanna le comhairliúcháin a iarraidh san iarraidh sin, lena n-áirítear tuairisc atá sonrach go leordhóthanach ar an ábhar atá i gceist agus forálacha na Caibidle seo a mheasann sé a bheith infheidhme.

2. Soláthróidh an Páirtí is freagróir, mura gcomhaontaítear ina mhalairt de chás é leis an bPáirtí iarrthach, freagra i scríbhinn tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta fháil na hiarrata.

3. Tosóidh na Páirtithe ar chomhairliúcháin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta fháil na hiarrata ag an bPáirtí is freagróir, mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt.

4. Féadfar na comhairliúcháin a reáchtáil i láthair go pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta a bheidh ar fáil do na Páirtithe. Má reáchtáiltear comhairliúcháin i láthair go pearsanta, reáchtálfar iad i gcríoch an Pháirtí is freagróir, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

5. Déanfaidh na Páirtithe an méid a leanas sna comhairliúcháin:

(a) faisnéis leordhóthanach a sholáthar ionas gur féidir scrúdú iomlán a dhéanamh ar an ábhar; agus

(b) aon fhaisnéis a mhalartaítear le linn na gcomhairliúchán a chóireáil go rúnda.

6. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin arb é is aidhm dóibh teacht ar réiteach ar an ábhar atá sásúil don dá thaobh, ag tabhairt san áireamh na deiseanna le haghaidh comhair a bhaineann leis an ábhar. I ndáil le hábhair a bhaineann le comhaontuithe iltaobhacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo, déanfaidh na Páirtithe breith ar fhaisnéis ó EIS nó ó chomhlachtaí ábhartha arna mbunú faoi na comhaontuithe sin. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh na Páirtithe comhaontú chun comhairle a lorg go comhpháirteach ar na heagraíochtaí sin nó ar na comhlachtaí, nó ar aon saineolaí nó comhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí cuidiú leo ina gcomhairliúcháin.

7. Mura bhfuil na Páirtithe in ann an t-ábhar a réiteach laistigh de 60 lá ó sheachadadh na hiarrata i scríbhinn ar chomhairliúcháin de bhun mhír 1, féadfaidh gach Páirtí, trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile, a iarraidh go dtionólfaí an Fochoiste chun an t-ábhar a bhreith. Tionólfaidh an Fochoiste go pras agus féachfaidh siad le comhaontú ar réiteach an ábhair.

8. Féadfaidh gach Páirtí nó an Fochoiste a tionóladh de bhun mhír 7 den Airteagal seo, más iomchuí, tuairimí na nGrúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 40.6 nó comhairle ó shaineolaithe eile a lorg.

9. Má tá na Páirtithe in ann an t-ábhar a réiteach, déanfaidh siad doiciméadú ar an toradh sin lena n-áirítear, más iomchuí, céimeanna sonracha agus amlínte a comhaontaíodh. Cuirfidh na Páirtithe an toradh ar fáil don phobal, mura n-aontaíonn siad a mhalairt.

Airteagal 33.22

Painéal saineolaithe

1. Más rud é, laistigh de 60 lá tar éis iarraidh i scríbhinn chun Fochoiste a thionól dá dtagraítear in Airteagal 33.21(7) a sheachadadh nó, mura ndearnadh iarraidh ar bith den sórt sin, laistigh de 120 lá tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin i scríbhinn de bhun Airteagal 33.21(1), féadfaidh an Páirtí iarrthach go mbunófaí painéal saineolaithe chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar.

Ní mór aon iarraidh den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig pointe teagmhála an Pháirtí is freagróir. Sainaithneofar san iarraidh na cúiseanna le painéal saineolaithe a bhunú, lena n-áirítear tuairisc atá sonrach go leordhóthanach ar an ábhar atá i gceist, agus míneofar inti an chaoi ar ionann an t-ábhar sin agus sárú ar fhorálacha sonracha na Caibidle seo.

2. Seachas mar a dhéantar foráil dó ina mhalairt de chás san Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 38.6, 38.10, 38.13, Airteagal 38.14 (1), Airteagail 38.15, 38.19, Airteagal 38.20(2), Airteagail 38.21, 38.22, 38.24, 38.32, 38.33, 38.34 agus 38.35, chomh maith le Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 38-A agus an Cód Iompair in Iarscríbhinn 38-B *mutatis mutandis*.

3. Ag an gcéad chruinniú a bheidh ag an bhFochoiste, molfaidh siad don Chomhchoiste 15 dhuine aonair ar a laghad a bhunú atá toilteanach agus in ann feidhmiú ar an bpainéal saineolaithe. Bunaithe ar an moladh seo, déanfaidh an Comhchoiste, tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de dhaoine aonair den sórt sin a bhunú. Beidh trí fholiosta sa liosta:

(a) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón bPáirtí AE;

(b) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón tSile; agus

(c) foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal saineolaithe.

4. Áireofar cúigear ar a laghad ar gach foliosta. Áiritheoidh an Comhchoiste go gcoinnítear an liosta cothrom le dáta agus go mbeidh an líon seo daoine ar a laghad ar an liosta.

5. Ní mór saineolas a bheith ag na daoine dá dtagraítear i mír 3 ar an dlí saothair nó comhshaoil, ar shaincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu sa Chaibidil seo, nó ar réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Ní mór dóibh a bheith neamhspleách, a bheith ag fónamh ina gcumas aonair agus gan treoracha a thógáil ó aon eagraíocht nó rialtas maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an díospóid, ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon Pháirtí, agus comhlíonfaidh siad an Cód Iompair in Iarscríbhinn 38-B.

6. I gcás ina mbíonn an painéal saineolaithe sin comhdhéanta de réir na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 38.6(3), (4) agus (6), roghnófar na saineolaithe ó na foliostaí dá dtagraítear ábhartha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

7. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá ó dháta bunaithe an phainéil saineolaithe, is é an méid seo a leanas a bheidh sna téarmaí tagartha:

'scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise forálacha ábhartha de 33 den Chreat-Chomhaontú Forbartha idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstát, de pháirt amháin, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar bhunú an phainéil saineolaithe, agus chun tuarascáil a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 33.23 den Chomhaontú sin, lena thorthaí agus a mholtaí chun an t-ábhar a réiteach'.

8. Maidir le hábhair a bhaineann leis na comhaontuithe iltaobhacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo, ba cheart don phainéal saineolaithe faisnéis a lorg ó EIS nó ó chomhlachtaí ábhartha arna mbunú faoi na comhaontuithe sin, lena n-áirítear aon treoraíocht léiriúcháin, torthaí nó cinntí ábhartha atá ar fáil arna nglacadh ag EIS nó na comhlachtaí sin. Cuirfear aon fhaisnéis den sórt sin ar fáil don dá Pháirtí chun a mbarúlacha ina leith a fháil.

9. Déanfaidh an painéal saineolaithe forálacha na Caibidle seo a léirmhíniú i gcomhréir leis na rialacha gnácha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin a chódaítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí.

10. Eiseoidh an painéal saineolaithe tuarascáil eatramhach agus tuarascáil chríochnaitheach do na Páirtithe ina leagfar amach na torthaí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha ábhartha agus an réasúnaíocht taobh thiar d'aon toradh, conclúid agus moladh a dhéanann sé.

11. Déanfaidh an painéal saineolaithe an tuarascáil eatramhach a sheachadadh chuig na Páirtithe laistigh de 100 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe. I gcás ina measfaidh an painéil saineolaithe nach féidir teorainn ama sin a bhaint amach, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil saineolaithe fógra i scríbhinn do na Páirtithe, agus sonróidh sé na cúiseanna atá leis an moill agus an dáta atá sé beartaithe ag an bpainéal saineolaithe a thuairisc eatramhach a thabhairt. D'fhéadfaí an teorainn ama a leagtar amach sa mhír seo a shíneadh le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

12. Féadfaidh Páirtí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig an mbinse eadrána chun gnéithe beachta na tuarascála eatramhaí a athbhreithniú laistigh de 25 lá tar éis sheachadadh na tuarascála eatramhaí. Féadfaidh Páirtí trácht a dhéanamh ar iarraidh an Pháirtí eile laistigh de 15 lá ón iarraidh a sheachadadh.

13. Tar éis an iarraidh agus na barúlacha sin a bhreithniú, ullmhóidh an painéal saineolaithe an tuarascáil chríochnaitheach. Mura seachadfar aon iarraidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe ar leith den tuarascáil eatramhach laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i mír 12, is í an tuarascáil eatramhach a bheidh i rialú an bhinse eadrána.

14. Déanfaidh an Painéal Saineolaithe an tuarascáil chríochnaitheach a sheachadadh chuig na Páirtithe laistigh de 175 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil sin. I gcás ina measfaidh an painéil saineolaithe nach féidir an teorainn ama sin a bhaint amach, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, agus sonróidh sé na cúiseanna atá leis an moill agus an dáta atá sé beartaithe ag an bpainéal saineolaithe a thuairisc chríochnaitheach a thabhairt. D'fhéadfaí an teorainn ama a leagtar amach sa mhír seo a shíneadh le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

15. Áireofar sa tuarascáil chríochnaitheach plé ar aon iarraidh a fuarthas i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach agus tabharfar aghaidh go soiléir ar bharúil a thabharfaidh na Páirtithe.

16. Cuirfidh na Páirtithe an tuarascáil chríochnaitheach ón bpainéal saineolaithe ar fáil don phobal laistigh de 15 lá tar éis don phainéal saineolaithe í a chur isteach.

17. Má chinneann an painéal saineolaithe sa tuarascáil chríochnaitheach nár chomhlíon Páirtí a oibleagáidí faoin gCaibidil seo, déanfaidh na Páirtithe bearta iomchuí a bheidh le cur chun feidhme a phlé, agus tuarascáil agus moltaí an phainéil saineolaithe á gcur i gcuntas. Cuirfidh an Páirtí is freagróir a Ghrúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 40.6 agus an Páirtí eile ar an eolas faoina chinntí maidir le haon ghníomhaíocht nó beart a bheidh le cur chun feidhme tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don tuarascáil a bheith curtha ar fáil go poiblí.

18. Déanfaidh an Fochoiste faireachán ar na bearta leantacha i leith na tuarascála críochnaithí agus moltaí an phainéil saineolaithe. Féadfaidh na Grúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 40.6 barúlacha a chur faoi bhráid an Fhochoiste ina leith sin.

Airteagal 33.23

Athbhreithniú

1. Chun críche baint amach chuspóirí na Caibidle seo a bhreisiú, pléifidh na Páirtithe trí chruinnithe an Fhochoiste a chur chun feidhme éifeachtach, ag tabhairt san áireamh, *inter alia*, mórfhorbairtí beartais i ngach Páirtí agus forbairtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

2. Ag tabhairt san áireamh toradh pléití den sórt sin, féadfaidh Páirtí athbhreithniú ar an gCaibidil seo a iarraidh tráth ar bith tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Chun na críche sin, féadfaidh an Fochoiste leasuithe ar fhorálacha ábhartha na Caibidle seo i gcomhréir leis an nós imeachta maidir le leasú arna bhunú in Airteagal 41.6(1) a mholadh do na Páirtithe.

CAIBIDIL 34

TRÁDÁIL AGUS COMHIONANNAS INSCNE

Airteagal 34.1

Comhthéacs agus cuspóirí

1. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá sé gné inscne a ionchorprú i bhfás eacnamaíoch cuimsitheach a chur chun cinn, agus ar an bpríomhról atá ag beartais inscne-fhreagrúla ina leith sin. Áirítear air sin bacainní ar rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar agus i dtrádáil idirnáisiúnta a bhaint, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna rochtana a fheabhsú ar fheidhmeanna agus earnálacha oibre d'fhir agus do mhná sa mhargadh saothair.

2. Aithníonn na Páirtithe gur innill den fhás eacnamaíoch iad trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta agus aithníonn siad freisin an rannchuidiú tábhachtach a chuireann mná leis an bhfás eacnamaíoch trína rannpháirtíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear gnó agus trádáil idirnáisiúnta.

3. Aithníonn na Páirtithe gur féidir le rannpháirtíocht na mban sa trádáil idirnáisiúnta rannchuidiú lena gcumhachtú eacnamaíoch agus a neamhspleáchas eacnamaíoch a chur ar aghaidh. Thairis sin, cuireann rochtain ban ar acmhainní eacnamaíocha agus a n-úinéireacht ar acmhainní eacnamaíocha le fás eacnamaíoch ionchuimsitheach, rathúnas, iomaíochas, agus folláine na sochaí inbhuanaithe. Dá réir sin, cuireann na Páirtithe i dtábhacht a rún chun an Chuid seo den Chomhaontú seo a chur chun feidhme ar bhealach lena gcothaítear agus lena bhfeabhsaítear comhionannas idir fir agus mná.

4. Meabhraíonn na Páirtithe Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe agus na SDGanna a bhaineann le comhionannas trádála agus inscne, go háirithe Sprioc 5: Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus na cailíní uile a chumhachtú.

5. Meabhraíonn na Páirtithe cuspóirí an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ar Thrádáil agus Cumhachtú Eacnamaíoch na mBan ar ócáid Chomhdháil Aireachta EDT in Buenos Aires i mí na Nollag 2017.

6. Meabhraíonn na Páirtithe a ngealltanais maidir le comhionannas inscne a phríomhshruthú agus cumhachtú na mban agus na gcailíní chomh maith leis an urraim ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948 agus in ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine a bhaineann le comhionannas inscne a bhfuil siad ina bpáirtí iontu.

7. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi Dhearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, arna ghlacadh ag Ceathrú Comhdháil Dhomhanda na mBan, a reáchtáladh i mBéising ón 4 go dtí an 15 Meán Fómhair 1995, ag tabhairt faoi deara go háirithe na cuspóirí agus na forálacha a bhaineann le rochtain chomhionann na mban ar acmhainní, fostaíocht, margaí agus trádáil.

8. Athdhearbhaíonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le beartais trádála ionchuimsitheacha a rannchuidíonn le cearta comhionanna, cóir chomhionann agus comhionannas deiseanna idir fir agus mná a chur chun cinn chomh maith le gach foirm idirdhealaithe in aghaidh na mban a dhíothú.

9. Cuireann na Páirtithe i dtábhacht ról na hearnála príobháidí chun comhionannas inscne a chothú trí bheartas neamh-idirdhealaitheacha agus éagsúlachta a chur i bhfeidhm ina n-oibríochtaí corparáideacha i gcomhréir le treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta arna bhformhuiniú nó arna dtacú ag na Páirtithe.

10. Tá sé mar aidhm ag na Páirtithe:

(a) a gcaidreamh trádála, comhar agus idirphlé a bhreisiú ar bhealaí atá fabhrach do chomhionannas deiseanna agus cóir chomhionann do mhná agus fir, mar oibrithe, táirgeoirí, trádálaithe nó tomhaltóirí, i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta.

(b) comhar agus idirphlé a éascú leis an aidhm chun acmhainneacht, coinníollacha agus rochtain na mban ar dheiseanna arna gcruthú ag an trádáil a bhreisiú.

(c) a n-acmhainneachtaí a fheabhsú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna inscne a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise agus dea-chleachtais.

Airteagal 34.2

Comhaontuithe iltaobhacha

1. Athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanas chun a oibleagáidí a chur chun feidhme go héifeachtach faoin gCoinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, agus aird á tabhairt go háirithe ar na forálacha sin a bhaineann le hidirdhealú in aghaidh na mban a dhíothú sa saol eacnamaíoch agus i réimse na fostaíochta.

2. Meabhraíonn na Páirtithe a n-oibleagáidí faoi seach faoi Airteagal 33.16 den Chuid seo den Chomhaontú seo maidir le Coinbhinsiúin EIS a bhaineann le comhionannas inscne agus idirdhealú i leith fostaíochta agus gairm bheatha a dhíothú arna dhaingniú ag na Ballstáit agus ag an tSile.

3. Athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanas chun a oibleagáidí faoi chomhaontuithe iltaobhacha eile ar páirtí iontu é a chur chun feidhme ina dtéitear i ngleic le comhionannas inscne nó cearta na mban.

Airteagal 34.3

Forálacha ginearálta

1. Aithníonn na Páirtithe ceart gach Páirtí a raon feidhme agus a ráthaíochtaí comhionannais deiseanna féin d'fhir agus mná a bhunú agus chun a dhlíthe agus a bheartais ábhartha féin a ghlacadh nó a mhodhnú, i gcomhréir lena chuid gealltanas faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 34.2.

2. Déanfaidh gach Páirtí iarracht a áirithiú go ndéantar foráil ina dhlíthe agus ina bheartais ábhartha maidir le cearta comhionanna, cóir chomhionann agus comhionannas deiseanna idir fir agus mná a chur chun cinn, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta. Déanfaidh gach Páirtí iarracht na dlíthe agus na beartais sin a fheabhsú.

3. Féachfaidh gach Páirtí le sonraí imdhealaithe de réir gnéis a bhaineann le trádáil agus inscne a bhailiú d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair dhifriúla atá ag ionstraimí um beartas trádála ar mhná agus ar fhir ina róil mar oibrithe, táirgeoirí, trádálaithe nó tomhaltóirí.

4. Cuirfidh gach Páirtí feasacht phoiblí chun cinn ina chríoch ar a dhlíthe agus a bheartais maidir le comhionannas inscne, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn acu ar fhás eacnamaíoch cuimsitheach agus ar bheartas trádála agus a n-ábharthacht ina leith.

5. Déanfaidh gach Páirtí, i gcás inar ábhartha, cuspóir an chomhionannais idir fir agus mná a thabhairt san áireamh agus bearta á bhfoirmliú, á gcur chun feidhme agus á n-athbhreithniú i réimsí atá cumhdaithe faoin gCuid seo den Chomhaontú seo.

6. Spreagfaidh gach Páirtí trádáil agus infheistíocht trí chomhionannas deiseanna agus rannpháirtíocht ban agus fear sa gheilleagar agus sa trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn. Áirítear air sin, *inter alia*, bearta a bhfuil sé mar aidhm leo: gach cineál idirdhealaithe ar fhorais inscne a dhíothú de réir a chéile; prionsabal an phá chomhionann ar obair arb ionann a luach d'fhonn dul i ngleic leis an mbearna pá idir na hinscní agus a éascú nach ndéantar idirdhealú ar mhná san fhostaíocht agus sa ghairm, lena n-áirítear ar chúiseanna toirchis agus máithreachais.

7. Ní dhéanfaidh Páirtí lagú ná laghdú ar an gcosaint a thugtar faoina dhlíthe faoi seach atá dírithe ar chomhionannas inscne nó comhionannas deiseanna a áirithiú do mhná agus fir chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

8. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlíthe faoi seach atá dírithe ar chomhionannas inscne nó comhionannas deiseanna a áirithiú do mhná agus fir a tharscaoileadh ná maolú uathu ar bhealach eile a lagaíonn nó a laghdaíonn an chosaint a dheonaítear de bhun na ndlíthe sin, d'fhonn trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

9. Ní theipfidh ar Pháirtí an chosaint a thugtar faoina dhlíthe faoi seach atá dírithe ar chomhionannas inscne nó comhionannas deiseanna a áirithiú do mhná agus fir, ar bhealach a dhéanann difear do thrádáil nó infheistíocht a fhorfheidhmiú go héifeachtach, trí ghníomhaíocht nó éighníomhaíocht mharthanach nó athfhillteach.

Airteagal 34.4

Gníomhaíochtaí comhair

1. Aithníonn na Páirtithe na tairbhí a bhaineann lena n-eispéiris faoi seach a roinnt i ndáil le dearadh, cur chun feidhme, faireachán agus neartú gnéithe a bhaineann le trádáil de bhearta um chomhionannas inscne.

2. I gcomhréir le mír 1, déanfaidh na Páirtithe gníomhaíochtaí comhair a dearadh chun acmhainneacht agus coinníollacha do mhná a fheabhsú, lena n-áirítear oibrithe, mná gnó agus fiontraithe, chun rochtain a thabhairt dóibh ar na deiseanna a chruthófar leis an gCuid seo den Chomhaontú seo agus chun tairbhiú go hiomlán de na deiseanna sin.

3. Déanfar gníomhaíochtaí comhair ar shaincheisteanna agus topaicí ar a n-aontaíonn na Páirtithe.

4. Is féidir gníomhaíochtaí comhair a fhorbairt agus a chur chun feidhme le rannpháirtíocht NA, EDT, EIS, ECFE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile chomh maith le tríú tíortha, gnólachtaí, eagraíochtaí fostóirí agus oibrithe, eagraíochtaí oideachais agus taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, de réir mar is iomchuí.

5. D'fhéadfaí a áireamh ar réimsí comhair eispéiris agus dea-chleachtais a chomhroinnt a bhaineann le beartais agus cláir chun rannpháirtíocht mhéadaithe na mban i dtrádáil idirnáisiúnta a spreagadh chomh maith le gnéithe a bhaineann le trádáil díobh seo a leanas:

(a) cuimsiú airgeadais agus oideachas na mban a chur chun cinn chomh maith le rochtain ar mhaoiniú agus cúnamh airgeadais;

(b) dul chun cinn ar cheannaireacht na mban agus forbairt líonraí na mban;

(c) rannpháirtíocht iomlán na mban sa gheilleagar a chur chun cinn trína rannpháirtíocht, ceannaireacht agus oideachas a spreagadh, go háirithe i réimsí ina ndéantar tearcionadaíocht orthu, amhail eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM), chomh maith le nuálaíocht agus gnó;

(d) cur chun cinn an chomhionannais inscne laistigh d'fhiontair;

(e) rannpháirtíocht na mban i bpoist chinnteoireachta sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha;

(f) tionscnaimh phoiblí agus phríobháideacha dírithe ar fhiontraíocht bhaineann a chur chun cinn, lena n-áirítear comhtháthú na mban in earnáil fhoirmiúil an gheilleagair, ag breisiú iomaíochais na bhfiontar faoi threoir na mban lena cheadú dóibh a bheith rannpháirteach agus iomaíoch i slabhraí luacha áitiúla, réigiúnacha agus domhanda, agus gníomhaíochtaí chun idirnáisiúnú fiontar beag agus meánmhéide arna dtreorú ag mná a chur chun cinn;

(g) beartais agus cláir chun scileanna digiteacha agus rochtain ar uirlisí gnó ar líne agus ardáin ríomhthráchtála a fheabhsú;

(h) dul chun cinn na mbeartas agus na gclár cúraim chomh maith le bearta um chothromaíocht oibre agus saoil ag a bhfuil dearcadh inscne;

(i) fiosrú an naisc idir rannpháirtíocht mhéadaithe na mban i dtrádáil idirnáisiúnta agus an laghdú sa bhearna pá idir na hinscní;

(j) forbairt ar anailís inscne-bhunaithe ar bheartais trádála, lena n-áirítear dearadh, cur chun feidhme agus faireachán ar a n-éifeachtaí;

(k) bailiúchán na sonraí imdhealaithe de réir inscne, úsáid táscairí, modheolaíochtaí faireacháin agus meastóireachta, agus an anailís ar staidreamh a bhaineann le trádáil ó dhearcadh inscne;

(l) fiosrú na nasc idir rannpháirtíocht na mban i dtrádáil idirnáisiúnta agus réimsí amhail obair chuibhiúil, idirdheighilt fostaíochta, agus coinníollacha na mban, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte ag an obair oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú le deireanaí, i gcomhréir le fomhír (f) d'Airteagal 33.18;

(m) beartais agus cláir chun tionchar eacnamaíoch difreáilte a bhíonn ag géarchéimeanna agus éigeandálaí ar mhná agus ar fhir a chosc, a mhaolú agus a fhreagairt; agus

(n) saincheisteanna eile mar a chomhaontaíonn na Páirtithe.

6. Cinnfidh na Páirtithe i gcomhpháirt na tosaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí comhair bunaithe ar réimsí leasa choitinn agus na hacmhainní atá ar fáil.

7. Féadfar tabhairt faoi chomhar, lena n-áirítear sna réimsí a leagtar amach i mír 5, i láthair go pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta a bheidh ar fáil do na Páirtithe, trí ghníomhaíochtaí amhail: ceardlanna, seimineáir, comhdhálacha, cláir chomhoibritheacha agus tionscadail; malartú eispéireas, agus comhroinnt dea-chleachtas maidir le beartais agus nósanna imeachta; agus an malartú saineolaithe.

8. Tríd an bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), spreagfaidh na Páirtithe iarrachtaí de chuid na gcomhlachtaí arna mbunú sa Chuid seo den Chomhaontú seo chun saincheisteanna, breithnithe agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hinscne ina gcuid oibre a chomhtháthú.

9. Spreagfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht ionchuimsitheach na mban i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí comhair arna mbunú de bhun an Airteagail seo, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 34.5

Socruithe institiúideacha

1. Beidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1) freagrach as cur chun feidhme na Caibidle seo. Beidh feidhm ag Airteagal 33.19 ar an gCaibidil seo *mutatis mutandis* ([136]).

2. I gcás ina bhfuiltear ag idirghníomhú leis an tsochaí shibhialta sna Grúpaí Comhairleacha Baile a cruthaíodh nó a ainmníodh de bhun Airteagal 40.6 agus san Fhóram Sochaí Sibhialta arna eagrú de bhun Airteagal 40.7, spreagfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht eagraíochtaí a chuireann comhionannas idir fir agus mná chun cinn.

Airteagal 34.6

Réiteach díospóide

Tá feidhm ag Airteagail 33.20, 33.21 agus 33.22 maidir leis an gCaibidil seo *mutatis mutandis* ([137]).

Airteagal 34.7

Athbhreithniú

1. Comhaontaíonn na Páirtithe ar a thábhachtaí atá sé faireachán agus measúnú a dhéanamh, i gcomhpháirt nó go haonarach, trína bpróisis agus a n-institiúidí faoi seach, mar aon leo sin arna mbunú faoin gCuid seo den Chomhaontú seo ar thionchar chur chun feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo maidir le comhionannas idir fir agus mná agus deiseanna a chuirtear ar fáil do mhná i ndáil le trádáil.

2. Féadfaidh na Páirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaibidil seo i bhfianaise an eispéiris a fhaightear trína gcur chun feidhme agus más gá, moladh a thabhairt faoin gcaoi ar féidir iad a neartú.

([136]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigfear aon tagairt do Chaibidil 33, nó do shaincheisteanna nó ábhair chomhshaoil agus shaothair, san Airteagal sin amhail bheith ag tagairt don Chaibidil seo, nó do shaincheisteanna nó ábhair inscne, de réir mar is infheidhme.

([137]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigfear aon tagairt do Chaibidil 33, nó do shaincheisteanna, ábhair nó dlíthe comhshaoil agus saothair, sna hAirteagail sin amhail bheith ag tagairt don Chaibidil seo, nó do shaincheisteanna, ábhair nó dlíthe inscne a bhaineann leis na saincheisteanna nó na hábhair sin, de réir mar is infheidhme.

CAIBIDIL 35

TRÉDHEARCACHT

Airteagal 35.1

Cuspóir

1. Féadfaidh na Páirtithe, agus aitheantas á thabhairt don tionchar a fhéadfaidh a bheith ag a dtimpeallachtaí rialála faoi seach ar an infheistíocht agus an trádáil eatarthu, féachaint le timpeallacht rialála intuartha agus nósanna imeachta éifeachtúla a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha, fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi seach faoi Chomhaontú EDT, agus, sa Chaibidil seo, le cur leis na gealltanais sin agus socruithe breise don trédhearcacht a leagan síos.

Airteagal 35.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'cinneadh riaracháin' cinneadh nó gníomhaíocht lena bhfuil éifeacht dhlíthiúil a bhaineann le duine, earra nó seirbhís shonrach i gcás aonair agus cumhdaítear leis gan cinneadh riaracháin a dhéanamh de réir mar a dhéantar foráil le dlí Páirtí; agus

(b) ciallaíonn 'rialú riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta aige' rialú nó léirmhíniú riaracháin a bhfuil feidhm aige maidir le gach duine agus staid fíorais a thagann go ginearálta faoi raon an rialaithe nó an léirmhínithe riaracháin sin, agus lena mbunaítear gnás iompair, ach ní áirítear leis:

(i) cinneadh nó rialú arna dhéanamh in imeacht riaracháin nó garbhreithiúnach a bhfuil feidhm aige maidir le duine, earra nó seirbhís ar leith de chuid an Pháirtí eile i gcás sonrach; nó

(ii) rialú lena ndéantar breithniú maidir le gníomh nó cleachtas ar leith;

Airteagal 35.3

Foilseachán

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar a dhlíthe, rialacháin, nósanna imeachta, rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus cinntí breithiúnacha maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo a fhoilsiú go pras trí mheán a ainmnítear go hoifigiúil agus, i gcás inar féidir, trí mheán leictreonach, nó go gcuirfear ar fáil iad ar dhóigh ina bhféadfadh aon duine eolas a fháil orthu.

2. Soláthróidh gach Páirtí míniú ar chuspóir, agus ar réasúnaíocht, a dhlíthe, a rialachán, a nósanna imeachta, a rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a chinntí breithiúnacha i ndáil le hábhar ar bith a chumhdaítear sa Chuid seo den Chomhaontú seo.

3. Soláthróidh gach Páirtí tréimhse réasúnta ama idir dáta foilsithe agus dáta theacht i bhfeidhm na ndlíthe agus na rialachán maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, seachas i gcás nach féidir sin a dhéanamh ar fhorais phráinne. Ní feidhm ag an mír seo maidir le rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus cinntí breithiúnacha.

Airteagal 35.4

Fiosrúcháin agus soláthar faisnéise

1. Bunóidh nó coinneoidh gach Páirtí sásraí iomchuí ar bun chun freagairt d'fhiosrúcháin ó aon duine maidir le haon dlí nó rialachán lena bhfuil feidhm ghinearálta i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo.

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile faisnéis go pras agus freagróidh sé fiosrúcháin a bhaineann le haon dlí nó rialachán, bíodh sé i bhfeidhm nó beartaithe, maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, ach amháin má leagtar síos sásra sonrach faoi Chaibidil eile den Chuid seo den Chomhaontú seo.

Airteagal 35.5

Nósanna imeachta riaracháin

1. Riarfaidh gach Páirtí na dlíthe, rialacháin, nósanna imeachta agus rialuithe riaracháin uile a bhfuil feidhm ghinearálta acu maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta agus réasúnach.

2. I gcás ina dtionscnófar imeachtaí riaracháin a bhaineann le daoine, earraí nó seirbhísí de chuid an Pháirtí eile i leith cur i bhfeidhm dlíthe, rialachán, nósanna imeachta nó rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh gach Páirtí na nithe seo a leanas:

(a) féachfaidh sé le fógra réasúnta a thabhairt do dhaoine dá ndéantar difear díreach le himeachtaí riaracháin, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, nuair a thionscnaítear imeachtaí, lena n-áirítear tuairisc ar chineál na n-imeachtaí, ráiteas maidir leis an údarás dlíthiúil faoina dtionscnaítear na himeachtaí agus tuairisc ghinearálta ar aon saincheist i gceist; agus

(b) tabharfaidh sé deis réasúnta do na daoine sin fíorais agus argóintí a chur i láthair mar thaca lena seasamh roimh aon chinneadh riaracháin críochnaitheach a mhéid a cheadaítear le ham, cineál na n-imeachtaí agus an leas poiblí.

Airteagal 35.6

Athbhreithniú agus achomharc

1. Déanfaidh gach Páirtí binsí nó nósanna imeachta breithiúnacha, eadrána nó riaracháin a bhunú nó a choinneáil ar bun chun críocha an athbhreithnithe phrais agus, i gcás ina bhfuil údar leis sin, cinntí riaracháin a cheartú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a bhinsí breithiúnacha, eadrána nó riaracháin nósanna imeachta achomhairc nó athbhreithnithe ar bhealach neamh-idirdhealaitheach neamhchlaonta. Beidh na binsí sin neamhchlaonta agus neamhspleách ar an údarás a gcuirtear forfheidhmiú riaracháin de chúram air, agus ní bheidh aon leas acu i dtoradh an ábhair.

3. Maidir leis na binsí nó nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar na nithe seo a leanas do na páirtithe os comhair na mbinsí sin nó i nósanna imeachta den sórt sin:

(a) deis réasúnach tacú lena seasaimh faoi seach nó iad a chosaint; agus

(b) cinneadh atá bunaithe ar fhianaise agus ar aighneachtaí taifead nó, i gcás ina gceanglófar faoina dhlí é, na taifid arna dtiomsú ag an údarás ábhartha.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh an t-údarás a bhfuil cumhachtaí forfheidhmiúcháin riaracháin curtha ar a iontaoibh, faoi réir achomhairc nó athbhreithniú breise dá bhforáiltear ina dhlíthe agus a rialacháin, an cinneadh dá dtagraítear i bhfomhír (b) de mhír 3.

Airteagal 35.7

Gaol le Caibidlí eile

Tá feidhm ag na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo i dteannta na rialacha sonracha a leagtar amach i gCaibidlí eile den Chuid seo den Chomhaontú seo.

CAIBIDIL 36

DEA-CHLEACHTAIS RIALÁLA

Airteagal 36.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta rialála arna nglacadh nó arna dtionscain ag údaráis rialála i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le húdaráis rialála ná bearta, cleachtais ná cuir chuige rialála na mBallstát.

Airteagal 36.2

Prionsabail ghinearálta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le:

(a) dea-chleachtais rialála a úsáid nuair atá bearta rialála á bpleanáil, á ndearadh, á n-eisiúint agus á gcur chun feidhme nó nuair atá meastóireacht nó athbhreithniú á dhéanamh orthu chun cuspóirí beartais intíre a bhaint amach; agus

(b) tairbhí na Coda seo den Chomhaontú seo a choinneáil ar bun agus a fheabhsú chun trádáil in earraí agus seirbhísí a éascú agus infheistíocht idir na Páirtithe a mhéadú.

2. Beidh gach Páirtí in ann a sheasamh i leith dea-chleachtas rialála a chinneadh faoin gCuid seo den Chomhaontú seo ar bhealach a bheidh ag luí lena chreat dlíthiúil, cleachtas agus prionsabail bhunúsacha féin, lena n-áirítear prionsabal an réamhchúraim, is bunús lena chóras rialála.

3. Ní fhorléireofar le haon ní sa Chaibidil seo go gceanglófar ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(b) gníomhartha a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó iad a bhac, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a bhaint amach.

Airteagal 36.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'údarás rialála':

(i) thar ceann an Pháirtí AE: an Coimisiún Eorpach; agus

(ii) i gcás na Sile: aon údarás rialála den bhrainse feidhmeannach; agus

(b) ciallaíonn 'bearta rialála':

(i) thar ceann an Pháirtí AE:

(A) rialacháin agus treoracha, dá bhforáiltear in Airteagal 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; agus

(B) gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, dá bhforáiltear in Airteagal 290 agus in Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi seach; agus

(ii) i gcás na Sile: dlíthe agus foraitheanta lena bhfuil feidhm ghinearálta a ghlacann na húdaráis rialála a bhfuil comhlíontacht leo éigeantach ([138]).

Airteagal 36.4

Comhordú inmheánach forbartha rialála

Coinneoidh gach Páirtí próisis nó sásraí inmheánacha comhordúcháin nó athbhreithnithe ar bun le haghaidh ullmhúchán, mheastóireacht agus athbhreithniú na mbeart rialála. Leis na próisis nó na sásraí sin ba cheart féachaint, *inter alia*, le:

(a) dea-chleachtais rialála a chothú, lena n-áirítear na cinn a leagtar amach sa Chaibidil seo;

(b) dúbláil neamhriachtanach agus ceanglais neamhréireacha idir bearta rialála an Pháirtí a aithint agus a sheachaint;

(c) a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí trádála idirnáisiúnta an Pháirtí; agus

(d) breithniú ar thionchar na mbeart rialála atá á n-ullmhú a chur chun cinn, lena n-áirítear an tionchar ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Airteagal 36.5

Trédhearcacht na sásraí agus na bpróiseas rialála

Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí tuairisc, i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta faoi seach, ar na próisis agus ar na sásraí a bhíonn in úsáid ag a údarás rialála chun bearta rialála a ullmhú chun meastóireacht a dhéanamh orthu agus chun iad a athbhreithniú. Déanfar tagairt sna tuairiscí sin do threoirlínte, rialacha nó nósanna imeachta ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a cheadaíonn don phobal chun barúlacha a thabhairt.

Airteagal 36.6

Luathfhaisnéis maidir le bearta rialála atá beartaithe

1. Féachfaidh gach Páirtí le faisnéis a fhoilsiú ar bhonn bliantúil, i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta faoi seach, maidir le mórbhearta rialála atá beartaithe ([139]).

2. Maidir le gach mórbheart rialála, dá dtagraítear i mír 1, féachfaidh gach Páirtí le hiad a chur ar fáil go poiblí go tráthúil:

(a) tuairisc ghearr ar a raon feidhme agus a chuspóirí; agus

(b) más infhaighte, an t-am a mheastar a ghlacfar é, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, deiseanna le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.

Airteagal 36.7

Comhairliúcháin phoiblí

1. Agus mórbheart rialála á ullmhú aige, déanfaidh gach Páirtí, más infheidhme, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta:

(a) an dréachtbheart rialála nó na doiciméid chomhairliúcháin a fhoilsiú ina dtabharfar mionsonraí leordhóthanacha maidir leis an mbeart rialála atá á ullmhú chun go bhféadfadh aon duine ([140]) a mheas an ndéanfaí difear suntasach dá leasanna agus an chaoi a ndéanfaí an difear sin;

([138]) I gcomhréir le mír II.1 de threoir Uimh. 3 de 2019 ón uachtarán agus a mhodhnuithe.
([139]) Féadfaidh údarás rialála gach Páirtí a chinneadh céard é mórbheart rialála chun críocha a chuid oibleagáidí faoin gCaibidil seo.
([140]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní choisctear aon Pháirtí ar chomhairliúcháin spriocdhírithe a dhéanamh le daoine leasmhara faoi choinníollacha a shainítear ina rialacha agus nósanna imeachta.

(b) deiseanna réasúnta a chur ar fáil d'aon duine, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, barúlacha a thabhairt; agus

(c) na barúlacha a gheofar a bhreithniú.

2. Féachfaidh údarás rialála gach Páirtí le húsáid a bhaint as modhanna leictreonacha cumarsáide agus ba cheart dóibh féachaint le tairseach leictreonach thiomnaithe a choinneáil ar oscailt chun faisnéis a sholáthar agus barúlacha a bhaineann le comhairliúcháin phoiblí a fháil.

3. Féachfaidh údarás rialála gach Páirtí le hachoimre ar thorthaí na gcomhairliúchán agus ar na barúlacha a fuarthas a chur ar fáil go poiblí, ach amháin a mhéid is gá chun faisnéis faoi rún a chosaint nó sonraí pearsanta nó ábhar míchuí a choimeád siar.

Airteagal 36.8

Measúnú tionchair

1. I gcomhréir leis na rialacha agus nósanna imeachta is infheidhme, cuirfidh gach Páirtí chun cinn go ndéanfaidh a údarás rialála measúnú tionchair ar na mórbhearta rialála a ullmhaíonn sé.

2. Agus measúnú tionchair á dhéanamh, cuirfidh údarás rialála gach Páirtí próisis agus sásraí chun cinn lena gcuirtear na tosca seo a leanas san áireamh:

(a) an gá atá leis an mbeart rialála, lena n-áirítear cineál agus suntas na faidhbe lena bhféachtar, leis an mbeart rialála, le haghaidh a thabhairt uirthi;

(b) aon rogha mhalartach rialála nó neamhrialála is indéanta agus is iomchuí, más ann di, lena mbainfí cuspóir beartais phoiblí an Pháirtí amach, lena n-áirítear an rogha gan rialáil a dhéanamh;

(c) a mhéid is féidir agus is ábhartha, tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil na roghanna malartacha sin a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear an tionchar ar an trádáil idirnáisiúnta agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide; agus

(d) an chaoi a mbaineann na roghanna atá á mbreithniú leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, más ann dóibh, lena n-áirítear an chúis atá le haon éagsúlacht, i gcás inarb iomchuí.

3. I ndáil le haon mheasúnú tionchair a dhéanann údarás rialála le haghaidh beart rialála, ullmhóidh an t-údarás rialála sin tuarascáil chríochnaitheach ina mionsonrófar na tosca a rinne sé a bhreithniú le linn an mheasúnaithe agus na torthaí ábhartha. Cuirfear tuarascálacha den sórt sin ar fáil go poiblí, nuair a bheidh an beart rialála lena mbaineann curtha ar fáil go poiblí.

Airteagal 36.9

Meastóireacht shiarghabhálach

Aithníonn na Páirtithe rannchuidiú dearfach meastóireachtaí siarghabhálacha ar bhearta rialála atá i bhfeidhm cheana chun ualach rialála neamhriachtanach a laghdú, lena n-áirítear ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus chun cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach ar bhonn níos éifeachtaí. Féachfaidh na Páirtithe le húsáid meastóireachtaí siarghabhálacha tréimhsiúla a chur chun cinn ina gcórais rialála.

Airteagal 36.10

Clár rialála

Áiritheoidh gach Páirtí go bhfoilseofar bearta rialála atá i bhfeidhm i gclár ainmnithe lena sainaithnítear bearta rialála de réir topaice agus atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin amháin is féidir a rochtain saor in aisce. Ba cheart don suíomh gréasáin cuardaigh ar bhearta rialála de réir luanna nó de réir focail a cheadú. Déanfaidh gach Páirtí a chlár a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.

Airteagal 36.11

Comhar agus malartú faisnéise

Féadfaidh na Páirtithe a bheith ag obair i gcomhar chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú. Féadfar a áireamh leis an gcomhar sin eagrú aon ghníomhaíochta ábhartha chun an comhar idir a n-údaráis rialála a neartú chomh maith le malartú faisnéise maidir le cleachtais rialála a leagtar amach sa Chaibidil seo.

Airteagal 36.12

Pointí teagmhála

Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun malartú faisnéise a éascú idir na Páirtithe, laistigh de 1 mhí amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 36.13

Gan réiteach díospóide a chur i bhfeidhm

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 37

FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Airteagal 37.1

Cuspóirí

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') ina gcaidrimh thrádála agus infheistíochta iltaobhacha agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanas chun cumas FBManna tairbhiú den Chuid seo den Chomhaontú seo a fheabhsú.

Airteagal 37.2

Comhroinnt faisnéise

1. Déanfaidh gach Páirtí suíomh gréasáin a bhunú nó a choinneáil ar bun, suíomh gréasáin a bhaineann go sonach le FBManna agus a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus ar a mbeidh faisnéis maidir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, lena n-áirítear:

(a) achoimre ar an gCuid seo den Chomhaontú seo; agus

(b) faisnéis arna dearadh do FBManna lena gcuimsítear:

(i) tuairisc ar na forálacha sa Chuid seo den Chomhaontú seo a mheasann gach Páirtí a bheith ábhartha maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide an dá Pháirtí; agus

(ii) aon fhaisnéis bhreise a mheasfaidh gach Páirtí a bheadh úsáideach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar spéis leo tairbhe a bhaint as na deiseanna arna gcur ar fáil leis an gCuid seo den Chomhaontú seo.

2. Cuirfidh gach Páirtí nasc idirlín chuig an méid seo a leanas ar an suíomh gréasáin dá bhforáiltear i mír 1:

(a) téacs na Coda seo den Chomhaontú seo, lena n-áirítear na hIarscríbhinní agus Foscríbhinní a ghabhann leis, go háirithe sceidil taraifí, agus rialacha tionscnaimh táirgeshonracha;

(b) suíomh gréasáin coibhéiseach an Pháirtí eile; agus

(c) suíomhanna gréasáin a údarás féin a mheasann an Páirtí a chuirfeadh faisnéis úsáideach ar fáil do dhaoine ar spéis leo trádáil agus gnó a dhéanamh sa Pháirtí sin.

3. Cuirfidh gach Páirtí nasc idirlín chuig suíomhanna gréasáin a údarás féin ina bhfuil faisnéis a bhaineann leis an méid seo a leanas ar an suíomh gréasáin dá bhforáiltear i mír 1:

(a) rialacháin chustaim agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras chomh maith le foirmeacha, doiciméid agus faisnéis ábhartha eile a cheanglaítear;

(b) rialacháin agus nósanna imeachta maidir le cearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear tásca geografacha;

(c) rialacháin theicniúla lena n-áirítear, i gcás inar gá, nósanna imeachta éigeantacha um measúnú comhréireachta agus naisc chuig liostaí de chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, sna cásanna ina bhfuil measúnú comhréireachta tríú páirtí éigeantach, dá bhforáiltear i gCaibidil 16;

(d) bearta sláintíochta agus físeashláintíochta a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú dá bhforáiltear i gCaibidil 13;

(e) rialacha maidir le soláthar poiblí agus bunachar sonraí ina bhfuil fógraí i ndáil le soláthar poiblí agus forálacha ábhartha eile de Chaibidil 28;

(f) nósanna imeachta chun cuideachta a chlárú; agus

(g) faisnéis eile a mheasfaidh an Páirtí a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh do FBManna.

4. Cuirfidh gach Páirtí nasc idirlín chuig bunachar sonraí is féidir a chuardach go leictreonach de réir cód Córais Chomhchuibhithe agus ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas maidir le rochtain ar a mhargadh ar an suíomh gréasáin dá bhforáiltear i mír 1:

(a) rátaí dleachtanna agus cuótaí custaim, lena n-áirítear ráta dleachta custaim an náisiúin barrfhabhair, rátaí a bhaineann le tíortha nach náisiúin bharrfhabhair iad agus le rátaí fabhracha agus cuótaí rátaí taraife;

(b) dleachtanna máil;

(c) cánacha (amhail cáin bhreisluacha);

(d) táillí custaim nó táillí eile, lena n-áirítear táillí táirgeshonracha;

(e) rialacha tionscnaimh dá bhforáiltear i gCaibidil 10;

(f) aisíoc nó iarchur dleachta, nó cineálacha eile faoisimh lena ndéantar dleachtanna custaim a laghdú, a aisíoc nó a tharscaoileadh;

(g) na critéir a úsáidtear chun luach custaim an earra a chinneadh;

(h) bearta taraife eile;

(i) faisnéis is gá le haghaidh nósanna imeachta allmhairiúcháin; agus

(j) faisnéis a bhaineann le rialacháin nó bearta neamhtharaife.

5. Déanfaidh gach Páirtí go tráthrialta, nó nuair a iarrann an Páirtí eile air é, an fhaisnéis agus na naisc dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 atá á gcoinneáil aige ar a shuíomh gréasáin a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go mbeidh siad cothrom le dáta agus cruinn.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirtear an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo i láthair ar bhealach leordhóthanach chun gur féidir le FBManna í a úsáid. Féachfaidh gach Páirtí le faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i mBéarla.

7. Ní ghearrfaidh Páirtí aon táille maidir le rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthraítear le haghaidh aon duine de Pháirtí de bhun mhíreanna 1 go 4.

Airteagal 37.3

Pointí teagmhála FBManna

1. Cuirfidh gach Páirtí a phointe teagmhála, a dhéanfaidh na feidhmeanna a liostaítear san Airteagal seo, in iúl don Pháirtí eile. Tabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile go pras maidir le haon athrú ar shonraí na bpointí teagmhála sin.

2. Déanfaidh pointí teagmhála FBManna na nithe seo a leanas:

(a) a áirithiú go ndéanfar riachtanais FBManna a chur san áireamh i gcur chun feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo ionas go bhféadfaidh FBManna an dá Pháirtí leas a bhaint as deiseanna nua faoin gCuid seo den Chomhaontú seo;

(b) a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 37.2 cothrom le dáta agus ábhartha do FBManna; féadfaidh ceachtar Páirtí, trí phointe teagmhála na FBManna, faisnéis bhreise a mholadh a fhéadfaidh an Páirtí eile a chur san áireamh leis an bhfaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 37.2;

(c) scrúdú a dhéanamh ar aon ábhar atá ábhartha maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide i ndáil leis an gCuid seo den Chomhaontú seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) faisnéis a mhalartú chun cabhrú leis an gComhchoiste lena chúraimí chun faireachán a dhéanamh ar na gnéithe sin den Chuid seo den Chomhaontú seo a bhaineann le FBManna agus iad a chur chun feidhme;

(ii) cúnamh a thabhairt d'Fhochoistí agus do phointí teagmhála a bhunaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo agus ábhair atá ábhartha do FBManna á mbreithniú;

(d) tuairisc a thabhairt go tréimhsiúil ar a ngníomhaíochtaí, i gcomhpháirt nó ar leithligh, don Fhochoiste lena mbreithniú; agus

(e) breithniú a dhéanamh ar aon ní eile a thiocfaidh chun cinn faoin gCuid seo den Chomhaontú seo a bhaineann le FBManna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

3. Tiocfaidh pointí teagmhála FBManna le chéile de réir mar is gá agus déanfaidh siad a gcuid oibre trí na cainéil chumarsáide a chomhaontóidh Páirtithe, ar a bhféadfaí ríomhphost, físchomhdháil nó modhanna eile a áireamh.

4. Féadfaidh pointí teagmhála FBManna féachaint le dul i gcomhar le saineolaithe agus eagraíochtaí seachtracha, de réir mar is iomchuí, agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu.

Airteagal 37.4

Gan réiteach díospóide a chur i bhfeidhm

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 38

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

ROINN A

CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

Airteagal 38.1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Chaibidil seo sásra éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú chun aon díospóid idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Coda seo den Chomhaontú seo a sheachaint agus a réiteach d'fhonn teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach.

Airteagal 38.2

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon díospóid idir na Páirtithe i ndáil le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú seo (dá ngairtear 'forálacha faoi chumhdach' anseo feasta), mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú seo.

Airteagal 38.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 38-A agus 38-B:

(a) ciallaíonn 'an Páirtí is gearánach' an Páirtí a iarrfaidh painéal a bhunú faoi Airteagal 38.5;

(b) ciallaíonn 'idirghabhálaí' duine aonair a roghnaíodh mar idirghabhálaí i gcomhréir le hAirteagal 38.27;

(c) ciallaíonn 'painéal' painéal arna bhunú de bhun Airteagal 38.6;

(d) ciallaíonn 'painéalaí' comhalta de phainéal; agus

(e) ciallaíonn 'an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh' an Páirtí a líomhnaítear ina leith go bhfuil an fhoráil faoi chumhdach á sárú aige.

ROINN B

COMHAIRLIÚCHÁIN

Airteagal 38.4

Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na Páirtithe le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 38.2 a réiteach trí dhul i mbun comhairliúchán de mheon macánta d'fhonn teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach.

2. Lorgóidh Páirtí comhairliúcháin trí iarraidh i scríbhinn arna soláthar don Pháirtí eile lena sainaithnítear an beart i gceist agus na forálacha faoi chumhdach a mheasann sé is infheidhme.

3. An Páirtí a ndéantar an iarraidh ar chomhairliúcháin chuige, féadfaidh sé an iarraidh a fhreagairt go pras, ach tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta na hiarrata ar chomhairliúcháin. Reáchtálfar comhairliúcháin laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata ar chomhairliúcháin agus déanfar iad, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, i gcríoch an Pháirtí a ndéantar an iarraidh chuige. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche 46 lá ón dáta a sheachadfar an iarraidh ar chomhairliúcháin, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

4. Comhairliúcháin maidir le hábhair phráinne, lena n-áirítear iad sin maidir le hearraí meatacha nó earraí nó seirbhísí séasúracha, déanfar iad laistigh de 15 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata ar chomhairliúcháin. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche 23 lá ón dáta a sheachadfar an iarraidh ar chomhairliúcháin, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

5. Le linn comhairliúchán, soláthróidh gach Páirtí faisnéis fhíorasach leordhóthanach chun go bhféadfar scrúdú iomlán a dhéanamh ar an mbealach lena bhféadfadh an beart i gceist difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm na Coda seo den Chomhaontú seo. Féachfaidh gach Páirtí le rannpháirtíocht phearsanra a údarás rialtais inniúil, ag a bhfuil saineolas ar an ábhar is ábhar do na comhairliúcháin, a áirithiú.

6. Is faoi rún a bheidh comhairliúcháin agus, go háirithe, an fhaisnéis uile a ainmneofar mar fhaisnéis rúnda agus seasaimh arna nglacadh ag Páirtí le linn comhairliúchán agus beidh siad gan dochar do chearta ceachtar Páirtí in aon imeacht eile.

7. Mura bhfreagraíonn an Páirtí, a ndéantar an iarraidh ar chomhairliúcháin chuige, an iarraidh laistigh de 10 lá ón dáta a sheachadfar í, mura reáchtáiltear na comhairliúcháin laistigh den tráthchlár a leagtar síos i míreanna 3 nó 4, nó má chomhaontaíonn na Páirtithe gan na comhairliúcháin a dhéanamh, nó má thugtar na comhairliúcháin i gcrích gan aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, féadfaidh an Páirtí a d'iarr na comhairliúcháin dul ar iontaoibh Airteagal 38.5.

ROINN C

NÓSANNA IMEACHTA AN PHAINÉIL

Airteagal 38.5

Nósanna imeachta a thionscnamh

1. Mura dtagann na Páirtithe ar réiteach an ábhair le comhairliúcháin, dá bhforáiltear in Airteagal 38.4, féadfaidh an Páirtí a d'iarr na comhairliúcháin iarraidh a dhéanamh go mbunófaí painéal.

2. Is trí bhíthin iarraidh i scríbhinn chuig an bPáirtí eile a dhéanfar an iarraidh chun painéal a bhunú. Déanfaidh an Páirtí is gearánach an beart atá i gceist a shainaithint ina iarraidh, sonróidh sé na forálacha faoi chumhdach a mheasann sé a bheith infheidhme, agus míneoidh sé conas atá an beart sin ina shárú ar na forálacha faoi chumhdach ar bhealach atá leordhóthanach chun bunús dlí an ghearáin a chur i láthair go soiléir.

Airteagal 38.6

Painéal a bhunú

1. Triúr painéalaithe a bheidh mar chomhdhéanamh painéil.

2. Laistigh de 14 lá tar éis an dáta a sheachadfar an iarraidh ar bhunú painéil chuig an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil.

3. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo, ceapfaidh gach Páirtí painéalaí ó fholiosta an Pháirtí sin a bhunaítear faoi Airteagal 38.8(1) laistigh de 10 lá tar éis dháta éaga na tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo. Mura gceapfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh painéalaí óna fholiosta laistigh den tréimhse sin, roghnóidh comhchathaoirleach Chomhchoiste an Pháirtí is gearánach an painéalaí trí chrannchur, laistigh de 5 lá tar éis dháta éaga na tréimhse sin, ó fholiosta an Pháirtí sin. Féadfaidh comhchathaoirleach Chomhchoiste an Pháirtí is gearánach an roghnú sin a tharmligean trí chrannchur an phainéalaí.

4. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le cathaoirleach an phainéil laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh comhchathaoirleach Chomhchoiste an Pháirtí is gearánach cathaoirleach an phainéil a roghnú trí chrannchur, laistigh de 10 lá tar éis dháta éaga na tréimhse sin, ó fholiosta na gcathaoirleach a bhunaítear faoi fhomhír (c) d'Airteagal 38.8(1). Féadfaidh comhchathaoirleach an Chomhchoiste ón bPáirtí is gearánach an roghnú sin a tharmligean trí chrannchur chathaoirleach an phainéil.

5. Measfar an painéal a bheith bunaithe 15 lá tar éis an dáta ar a gcuirfidh an triúr painéalaithe roghnaithe glacadh a gceapachán in iúl do na Páirtithe i gcomhréir le hIarscríbhinn 38-A, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Cuirfidh gach Páirtí dáta bunaithe an phainéil ar fáil go poiblí go pras.

6. Mura mbeidh aon cheann de na liostaí dá bhforáiltear in Airteagal 38.8 bunaithe nó mura mbeidh dóthain ainmneacha orthu tráth a dhéantar iarraidh de bhun mhír 3 nó 4 den Airteagal seo, déanfar na painéalaithe a roghnú trí chrannchur as ainmneacha na ndaoine aonair a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil, i gcomhréir le hIarscríbhinn 38-A.

Airteagal 38.7

Rogha fóraim

1. Má thagann díospóid chun cinn maidir le beart ar leith de shárú líomhnaithe ar oibleagáid faoin gCuid seo den Chomhaontú seo agus oibleagáid atá coibhéiseach go substaintiúil léi faoi chomhaontú idirnáisiúnta eile ar páirtí ann an dá Pháirtí, lena n-áirítear Comhaontú EDT, roghnóidh an Páirtí a lorgaíonn sásamh an fóram chun an díospóid a réiteach ann.

2. A luaithe a bheidh an fóram roghnaithe ag Páirtí agus a bheidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí tionscanta aige faoin Roinn seo nó faoi chomhaontú idirnáisiúnta eile i ndáil leis an mbeart faoi leith dá dtagraítear i mír 1, ní thionscnóidh an Páirtí sin nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gcomhaontú idirnáisiúnta eile sin nó faoin Roinn seo, faoi seach, mura mainneoidh an fóram a roghnaítear ar dtús teacht ar thorthaí ar chúiseanna nós imeachta nó dlínsiúla.

3. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) meastar go mbeidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin Roinn seo tionscanta le hiarraidh ó Pháirtí go mbunófar painéal de bhun Airteagal 38.5;

(b) measfar nósanna imeachta um réiteach díospóide faoi Chomhaontú EDT a bheith tionscanta le hiarraidh ó Pháirtí chun painéal a bhunú de bhun Airteagal 6 den Chomhthuiscint maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta a Rialaíonn Réiteach Díospóidí in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú EDT; agus

(c) measfar nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile a bheith tionscanta i gcomhréir le forálacha iomchuí an chomhaontaithe sin.

4. Gan dochar do mhír 2, ní chuirfidh aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú seo bac ar Pháirtí oibleagáidí a chur ar fionraí, oibleagáidí atá údaraithe ag Comhlacht um Réiteach Díospóide EDT nó atá údaraithe faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí atá ag comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtithe ann. Ní dhéanfar Comhaontú EDT ná aon chomhaontú idirnáisiúnta eile idir na Páirtithe a agairt chun bac a chur ar Pháirtí oibleagáidí de bhun na Roinne seo a chur ar fionraí.

Airteagal 38.8

Liostaí painéalaithe

1. Déanfaidh an Coiste Comhair, tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a bhunú, ar daoine aonair iad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta:

(a) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón bPáirtí AE;

(b) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón tSile; agus

(c) foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a fheidhmeoidh mar chathaoirleach an phainéil.

2. Áireofar cúigear ar a laghad ar gach foliosta. Áiritheoidh an Comhchoiste go mbeidh an líon sin daoine ar a laghad ar an liosta i gcónaí.

3. Féadfaidh an Comhchoiste liostaí breise de dhaoine aonair ag a bhfuil saineolas in earnálacha sonracha a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo a bhunú. Má thagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis sin, úsáidfear na liostaí breise sin chun an painéal a chur le chéile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 38.6.

Airteagal 38.9

Ceanglais le haghaidh painéalaithe

1. Is fíor an méid seo a leanas maidir le gach painéalaí:

(a) beidh saineolas léirithe acu ar an dlí, ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar ábhair eile a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo;

(b) beidh sé neamhspleách ar gach Páirtí agus ní bheidh sé cleamhnaithe le ceachtar Páirtí ná ní ghlacfaidh sé le treoracha uathu;

(c) go bhfeidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta, agus nach nglacfaidh siad le treoracha ó aon eagraíocht ná aon rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an díospóid; agus

(d) comhlíonfaidh siad Iarscríbhinn 38-B.

2. Beidh taithí ag an gcathaoirleach ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí, anuas ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 1.

3. I bhfianaise ábhar díospóide ar leith, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go maolófar ar na ceanglais a liostaítear i bpointe (a) de mhír 1.

Airteagal 38.10

Feidhmeanna an phainéil

Maidir leis an bpainéal:

(a) déanfaidh sé measúnú oibiachtúil ar an ábhar os a chomhair, lena n-áirítear measúnú oibiachtúil ar fhíorais an cháis agus ar infheidhmeacht agus ar chomhréireacht na bhforálacha cumhdaithe;

(b) ina chuid cinntí agus tuarascálacha, leagfaidh sé amach na cinntí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha cumhdaithe agus an réasúnaíocht bhunúsach is bonn le haon chinneadh agus aon chonclúid a dhéanfaidh sé; agus

(c) ba cheart dó dul i gcomhairle go rialta leis na Páirtithe agus deiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil chun réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach a fhorbairt.

Airteagal 38.11

Téarmaí tagartha

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de chúig lá tar éis dháta bunaithe an phainéil, is é an méid seo a leanas a bheidh sna téarmaí tagartha:

'scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha Chuid III den Chreat-Chomhaontú Forbartha idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstát, de pháirt amháin, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, arna lua ag na Páirtithe, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar bhunú an phainéil, torthaí a dhéanamh ar chomhlíontacht an bhirt i gceist le forálacha faoi chumhdach Chuid III den Chomhaontú sin agus tuarascáil a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 38.13 den Chomhaontú sin'.

2. Má chomhaontaíonn na Páirtithe téarmaí tagartha seachas na cinn a leagtar amach i mír 1, tabharfaidh siad fógra don phainéal faoi na téarmaí tagartha comhaontaithe laistigh den tréimhse ama a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 38.12

Cinneadh maidir le práinne

1. Má iarrann Páirtí sin, cinnfidh an painéal, laistigh de 10 lá tar éis a bhunaíochta, cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an cás le hábhar práinne.

2. I gcásanna práinne, na tréimhsí is infheidhme a leagtar amach sa Roinn seo, mairfidh siad leathfhad na tréimhse a leagtar amach inti, ach amháin na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagail 38.6 agus 38.11.

Airteagal 38.13

Tuarascáil eatramhach agus tuarascáil chríochnaitheach

1. Déanfaidh an painéal tuarascáil eatramhach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 90 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, ina luafar na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bheartaíonn an painéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, in imthosca ar bith, a thuarascáil eatramhach a sholáthar tráth is déanaí ná 120 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil.

2. Féadfaidh gach Páirtí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh ar an bpainéal chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe beachta den tuarascáil eatramhach laistigh de 10 lá tar éis dháta a soláthair. Féadfaidh Páirtí barúil a thabhairt ar iarraidh an Pháirtí eile laistigh de 6 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata sin.

3. Mura seachadfar aon iarraidh de bhun mhír 2, tuarascáil chríochnaitheach a bheidh sa tuarascáil eatramhach.

4. Déanfaidh an painéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 120 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, ina luafar na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bheartaíonn an painéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, in imthosca ar bith, a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar tráth is déanaí ná 150 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil.

5. Áireofar sa tuarascáil chríochnaitheach plé ar aon iarraidh a fuarthas i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach agus tabharfar aghaidh go soiléir ar thuairimí na bPáirtithe. Leagfaidh an painéal amach an méid seo a leanas sa tuarascáil eatramhach agus sa tuarascáil chríochnaitheach:

(a) roinn thuairisciúil ina mbeidh achoimre ar argóintí na bPáirtithe agus na barúlacha dá dtagraítear i mír 2;

(b) a thorthaí maidir le fíorais an cháis agus maidir le hinfheidhmeacht na bhforálacha ábhartha faoi chumhdach;

(c) a thorthaí maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an beart i gceist i gcomhréir leis na forálacha ábhartha faoi chumhdach; agus

(d) cúiseanna na dtorthaí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (b) agus (c).

6. Beidh an tuarascáil chríochnaitheach críochnaitheach agus ina ceangal ar na Páirtithe.

Airteagal 38.14

Bearta comhlíontachta

1. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh aon bheart is gá chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh go pras chun é féin a thabhairt i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach.

2. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta seachadta na tuarascála críochnaithí, fógra a thabhairt don Pháirtí is gearánach faoi aon bheart atá déanta aige, nó a bheartaíonn sé a dhéanamh, chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh.

Airteagal 38.15

Tréimhse réasúnta ama

1. Mura mbeidh an chomhlíontacht láithreach indéanta, tabharfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta seachadta na tuarascála críochnaithí, fógra don Pháirtí is gearánach faoi fhad na tréimhse réasúnta ama a cheanglóidh sé le haghaidh comhlíontachta. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le fad na tréimhse réasúnta chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh.

2. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le fad na tréimhse réasúnta ama, féadfaidh an Páirtí is gearánach, tráth nach túisce ná 20 lá tar éis dháta seachadta an fhógra dá dtagraítear i mír 1, a iarraidh, i scríbhinn, go gcinnfidh an painéal bunaidh fad na tréimhse réasúnta ama. Soláthróidh an painéal a chinneadh do na Páirtithe laistigh de 20 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata.

3. Tabharfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra chuig an bPáirtí is gearánach maidir leis an dul chun cinn atá déanta aige i ndáil leis an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh 1 mhí amháin ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse réasúnta ama.

4. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú chun síneadh a chur leis an tréimhse réasúnta ama.

Airteagal 38.16

Athbhreithniú ar chomhlíontacht

1. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná dáta dhul in éag na tréimhse réasúnta ama dá dtagraítear in Airteagal 38.15, fógra a thabhairt don Pháirtí is gearánach faoi aon bheart atá déanta aige chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh.

2. I gcás ina n-easaontóidh na Páirtithe gur ann do bheart maidir le comhlíonadh, nó go bhfuil aon bheart maidir le comhlíonadh atá ann comhsheasmhach leis na forálacha cumhdaithe, féadfaidh an Páirtí is gearánach iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig an bpainéal bunaidh chun go ndéanfar cinneadh faoin ábhar. San iarraidh, sainaithneofar aon ábhar i dtrácht agus míneofar an dóigh gurb ionann an beart sin agus sárú ar na forálacha cumhdaithe ar bhealach atá leordhóthanach chun bunús dlí an ghearáin a chur i láthair go soiléir. Déanfaidh an painéal a chinneadh a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 46 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata.

Airteagal 38.17

Leigheasanna sealadacha

1. Arna iarraidh sin don Pháirtí is gearánach, agus tar éis comhairliúchán leis an bPáirtí is gearánach, déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh tairiscint ar chúiteamh sealadach a chur i láthair más rud é:

(a) go dtabharfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is gearánach nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh;

(b) nach ndéanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra a thabhairt faoi aon bheart atá déanta aige, nó a bheartaíonn sé a dhéanamh maidir le comhlíonadh, laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal 38.14, nó nach ndéanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra a thabhairt faoi aon bheart atá déanta aige maidir le comhlíonadh roimh dháta éaga na tréimhse réasúnta ama dá dtagraítear in Airteagal 38.15;

(c) go bhfionnfaidh an painéal nach ndearnadh aon bheart maidir le comhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 38.16; nó

(d) go bhfionnfaidh an painéal go bhfuil an beart maidir le comhlíonadh atá déanta ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 38.16.

2. In aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i bhfomhír (a), (b), (c) nó (d) de mhír 1, féadfaidh an Páirtí is gearánach fógra a thabhairt don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh á rá go mbeartaíonn sé a oibleagáidí a leagtar amach sna forálacha faoi chumhdach a chur ar fionraí:

(a) i gcás ina gcinneann an Páirtí is gearánach gan iarraidh a dhéanamh de bhun mhír 1; nó

(b) i gcás ina mbeidh iarraidh déanta ag an bPáirtí is gearánach de bhun mhír 1 agus nach dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le cúiteamh sealadach laistigh de 20 lá tar éis dháta éaga na tréimhse réasúnta dá dtagraítear in Airteagal 38.15 nó cinneadh an phainéil a sholáthar de bhun Airteagal 38.16.

3. Féadfaidh an Páirtí is gearánach na hoibleagáidí a chur ar fionraí 10 lá tar éis dháta seachadta an fhógra dá dtagraítear i mír 2, mura ndéanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh iarraidh de bhun mhír 6.

4. Ní rachaidh leibhéal fionraíochta na n-oibleagáidí thar an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó an lagú arb é an sárú is cúis leis. Sonrófar san fhógra dá dtagraítear i mír 2 an leibhéal atá beartaithe maidir le hoibleagáidí a chur ar fionraí.

5. Agus é ag breithniú na n-oibleagáidí ba cheart a chur ar fionraí, ba cheart don Pháirtí is gearánach féachaint leis na hoibleagáidí atá san earnáil chéanna nó sna hearnálacha céanna leis na cinn siúd a ndéanann an beart, a bhfuil sé suite ag an bpainéal go bhfuil sé ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach, difear di nó dóibh a chur ar fionraí ar dtús. Féadfaidh fionraí oibleagáidí a chur i bhfeidhm maidir le hearnáil nó earnálacha a chumhdaítear faoin gCuid seo den Chomhaontú seo seachas an earnáil nó na hearnálacha ina bhfuair an painéal neamhniú nó lagú, go háirithe i gcás ina bhfuil an Páirtí is gearánach den tuairim go bhfuil an fhionraí sin san earnáil nó earnálacha eile indéanta nó éifeachtach chun comhlíontacht a spreagadh.

6. Má mheasann an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh go sáraíonn leibhéal fionraíochta beartaithe na n-oibleagáidí faoina dtugtar fógra an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis, féadfaidh sé iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh roimh dhul in éag na tréimhse ama a leagtar amach i mír 3 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Déanfaidh an painéal a chinneadh maidir leis an leibhéal a chuirfear oibleagáidí ar fionraí a sheachadadh chuig na Páirtithe laistigh de 30 lá tar éis dháta na hiarrata. Ní chuirfidh an Páirtí is gearánach aon oibleagáid ar fionraí go dtí go mbeidh a chinneadh soláthartha ag an bpainéal. Beidh fionraí na n-oibleagáidí i gcomhréir leis an gcinneadh sin.

7. Beidh fionraí na n-oibleagáidí nó an cúiteamh dá dtagraítear san Airteagal seo sealadach agus ní chuirfear i bhfeidhm iad tar éis do na nithe seo a leanas tarlú:

(a) tar éis do na Páirtithe teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach de bhun Airteagal 38.32;

(b) chomhaontaigh na Páirtithe go bhfuil an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh arna thabhairt i gcomhlíontacht leis na forálacha faoi chumhdach de dhroim an bhirt comhlíontachta; nó

(c) aon bheart a bheith tarraingthe siar nó leasaithe, ar beart é a rinneadh chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh agus a d'fhionn an painéal a bheith ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach, ionas go dtabharfar an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha sin.

Airteagal 38.18

Athbhreithniú ar aon bheart a dhéanfar chun comhlíonadh a dhéanamh tar éis leigheasanna sealadacha

1. Tabharfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is gearánach faoi aon bheart a rinne sé chun comhlíonadh a dhéanamh tar éis oibleagáidí a bheith curtha ar fionraí nó tar éis cúiteamh sealadach a chur i bhfeidhm, de réir mar a bheidh. Cé is moite de na cásanna dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an Páirtí is gearánach fionraí na n-oibleagáidí a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta an fhógra sin. I gcásanna ina mbeidh cúiteamh curtha i bhfeidhm, agus cé is moite de na cásanna dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh cur i bhfeidhm an chúitimh sin a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta a fhógra á rá go raibh sé comhlíontach.

2. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le cibé acu a thugtar nó nach dtugtar an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach leis an mbeart faoina dtugtar fógra i gcomhréir le mír 1, agus sin laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta an fhógra sin, soláthróidh an Páirtí is gearánach iarraidh i scríbhinn don phainéal bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Soláthróidh an painéal a chinneadh do na Páirtithe laistigh de 46 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata. Má chinneann an painéal go bhfuil an beart a rinneadh chun comhlíonadh a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha cumhdaithe, cuirfear deireadh le fionraí na n-oibleagáidí nó leis an gcúiteamh, de réir mar a bheidh. I gcás inarb ábhartha, déanfaidh an Páirtí is gearánach leibhéal fionraíochta na n-oibleagáidí nó an leibhéal cúitimh a choigeartú i bhfianaise chinneadh an phainéil.

3. Má mheasann an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh go sáraíonn an leibhéal fionraíochta arna chur chun feidhme ag an bPáirtí is gearánach an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis, féadfaidh sé iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar.

Airteagal 38.19

Painéalaithe a ionadú

Más rud é, le linn nósanna imeachta painéil faoin Roinn seo, nach féidir le painéalaí a bheith rannpháirteach, go dtarraingeoidh sé siar nó gur gá é a ionadú toisc nach gcomhlíonann sé ceanglais Iarscríbhinn 38-B, ceapfar painéalaí nua i gcomhréir le hAirteagal 38.6. An síneadh ama is gá chun an painéalaí nua a cheapadh, cuirfear an síneadh sin leis an tréimhse ama chun tuarascáil nó cinneadh dá dtagraítear sa Roinn seo a sheachadadh.

Airteagal 38.20

Rialacha nós imeachta

1. Déanfar nósanna imeachta an phainéil faoin Roinn seo a rialú leis an gCaibidil seo agus Iarscríbhinn 38-A.

2. Beidh aon éisteacht de chuid an phainéil ar oscailt go poiblí mura bhforáiltear a mhalairt in Iarscríbhinn 38-A.

Airteagal 38.21

Fionraí agus foirceannadh

1. Ar iarraidh na bPáirtithe i gcomhar le chéile, cuirfidh an painéal a chuid oibre ar fionraí tráth ar bith ar feadh tréimhse arna comhaontú ag na Páirtithe agus tréimhse nach faide ná 12 mhí as a chéile.

2. Fillfidh an painéal ar a chuid oibre roimh dheireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ón dá Pháirtí, nó ag deireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ó cheachtar den dá Pháirtí. Tabharfaidh an Páirtí iarrthach fógra don Pháirtí eile dá réir sin. Mura n-iarrfaidh Páirtí go bhfillfidh an painéal ar a chuid oibre ag deireadh na tréimhse fionraí, rachaidh údarás an phainéil i léig agus cuirfear deireadh leis an nós imeachta um réiteach díospóidí.

3. I gcás ina gcuirfear obair an phainéil ar fionraí de bhun an Airteagail seo, cuirfear síneadh leis na tréimhsí ábhartha faoin Roinn seo a bheidh ar aon fhad leis an tréimhse chéanna ar cuireadh obair an phainéil ar fionraí lena linn.

Airteagal 38.22

Ceart chun faisnéis a lorg

1. Ar iarraidh ó Pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal faisnéis ábhartha a mheasann sé a bheith riachtanach agus iomchuí a lorg ó na Páirtithe. Freagróidh na Páirtithe go pras agus go hiomlán aon iarraidh ón bpainéal ar fhaisnéis den sórt sin.

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal faisnéis a mheasann sé is gá agus is iomchuí a lorg ó aon fhoinse. Tá sé de cheart ag an bpainéal freisin tuairim saineolaithe a lorg, lena n-áirítear faisnéis agus comhairle theicniúil, de réir mar is iomchuí, agus faoi réir aon téarma agus coinníoll a chomhaontóidh na Páirtithe, más infheidhme.

3. Breithneoidh an painéal aighneachtaí *amicus curiae* ó dhaoine nádúrtha de Pháirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i bPáirtí i gcomhréir le hIarscríbhinn 38-A.

4. Aon fhaisnéis a fhaigheann an painéal de bhun an Airteagail seo, nochtfar do na Páirtithe í, agus féadfaidh na Páirtithe barúlacha a thabhairt i leith na faisnéise sin.

Airteagal 38.23

Rialacha léirmhínithe

1. Déanfaidh an painéal na forálacha faoi chumhdach a léirmhíniú i gcomhréir le rialacha gnácha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin a chódaítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí.

2. Cuirfidh an painéal san áireamh freisin léirithe ábhartha i dtuarascálacha ó Phainéil EDT agus ón mBuanchomhlacht Achomhairc arna nglacadh ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí.

3. Le tuarascálacha agus cinntí an phainéil, ní féidir cur le cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú seo, ná ní laghdófar na cearta ná na hoibleagáidí sin ach oiread.

Airteagal 38.24

Tuarascálacha agus cinntí an phainéil

1. Coimeádfar pléití an phainéil faoi rún. Déanfaidh an painéal gach iarracht chun tuarascálacha a dhréachtú agus cinntí a dhéanamh de chomhthoil. Mura mbeidh an méid sin indéanta, déanfaidh an painéal cinneadh maidir leis an ábhar le vóta tromlach. Ní nochtfar, in aon chás, tuairimí leithleacha painéalaithe.

2. Cuirfidh gach Páirtí a aighneachtaí agus tuarascálacha agus cinntí an phainéil ar fáil go poiblí, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

3. Glacfaidh na Páirtithe gan choinníoll le tuarascálacha agus cinntí an phainéil. Ní chruthóidh siad aon cheart ná oibleagáid i ndáil le daoine.

4. Déileálfaidh an painéal agus na Páirtithe mar fhaisnéis rúnda le haon fhaisnéis arna cur isteach ag Páirtí i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 38-A.

ROINN D

SÁSRA IDIRGHABHÁLA

Airteagal 38.25

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don sásra idirghabhála cuidiú chun gur fusa a bheidh sé teacht ar réiteach a chomhaontófar ar bhonn frithpháirteach trí nós imeachta cuimsitheach gasta le cúnamh ó idirghabhálaí.

2. Ní fhéadfar an nós imeachta idirghabhála a thionscnamh ach le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe chun réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a fhiosrú agus aon chomhairle agus réiteach molta ón idirghabhálaí a mheas.

Airteagal 38.26

An nós imeachta idirghabhála a thionscnamh

1. Féadfaidh Páirtí ('an Páirtí iarrthach'), tráth ar bith, a iarraidh ar an bPáirtí eile ('an Páirtí is freagróir'), i scríbhinn, dul i mbun nós imeachta idirghabhála maidir le haon bheart de chuid an Pháirtí is freagróir a líomhnaítear go ndéantar dochar leis do thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe.

2. Beidh an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 mionsonraithe go leor chun ábhair imní an Pháirtí iarrthaigh a chur in iúl go soiléir agus déanfar an méid seo a leanas inti:

(a) sonrófar an beart atá i gceist;

(b) soláthrófar ráiteas maidir leis na héifeachtaí diúltacha a mheasann an Páirtí iarrthach atá, nó a bheidh, ag an mbeart ar thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe; agus

(c) míneofar conas a mheasann an Páirtí iarrthach go bhfuil na héifeachtaí sin nasctha leis an mbeart.

3. Déanfaidh an Páirtí is freagróir breithniú tuisceanach ar an iarraidh agus soláthróidh sé fógra i scríbhinn á rá go nglacann sé léi nó go ndiúltaíonn sé di don Pháirtí iarrthach laistigh de 10 lá tar éis dháta a seachadta; seachas sin, measfar an iarraidh a bheith diúltaithe.

Airteagal 38.27

Idirghabhálaí a roghnú

1. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí laistigh de 14 lá tar éis thionscnamh an nós imeachta idirghabhála.

2. Mura mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an idirghabhálaí laistigh den tréimhse ama a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh ar chomhchathaoirleach Chomhchoiste an Pháirtí iarrthaigh chun an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur, laistigh de 5 lá tar éis dháta na hiarrata, ó fholiosta na gcathaoirleach a bhunaítear de bhun Airteagal 38.8(1). Féadfaidh comhchathaoirleach Chomhchoiste an Pháirtí iarrthaigh an roghnú sin a tharmligean trí chrannchur an idirghabhálaí.

3. Mura mbeidh foliosta na gcathaoirleach dá dtagraítear i bhfomhír (c) d'Airteagal 38.8(1) bunaithe tráth a dhéantar iarraidh de bhun Airteagal 38.26, déanfar an t-idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur ó na daoine aonair a bheidh molta go foirmiúil ag Páirtí amháin nó ag an dá Pháirtí le haghaidh an fholiosta sin.

4. Ní bheidh idirghabhálaí ina náisiúnach de chuid Páirtí ná ní bheidh sé fostaithe ag ceachtar Páirtí, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

5. Comhlíonfaidh idirghabhálaí Iarscríbhinn 38-B.

Airteagal 38.28

Rialacha an nós imeachta idirghabhála

1. Laistigh de 10 lá tar éis dháta cheapadh an idirghabhálaí, déanfaidh an Páirtí iarrthach tuairisc mhionsonraithe i scríbhinn ar a ábhair imní a sheachadadh chuig an idirghabhálaí agus chuig an bPáirtí is freagróir, go háirithe maidir le hoibriú an bhirt atá i gceist agus ar na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith aige ar thrádáil nó ar infheistíocht. Féadfaidh an Páirtí is freagróir barúlacha i scríbhinn a sholáthar ar an tuairisc sin, laistigh de 20 lá tar éis dháta seachadta na tuairisce. Féadfaidh Páirtí aon fhaisnéis a áireamh ina thuairisc nó ina bharúlacha a mheasann sé is ábhartha.

2. Tabharfaidh an t-idirghabhálaí cúnamh do na Páirtithe ar bhealach trédhearcach chun soiléireacht a thabhairt don bheart i gceist agus dá éifeachtaí diúltacha féideartha ar thrádáil agus infheistíocht. Go háirithe, féadfaidh an t-idirghabhálaí cruinnithe a eagrú idir na Páirtithe, dul i gcomhairle leis na Páirtithe go comhpháirteach nó go haonarach, cúnamh a lorg ó shaineolaithe agus geallsealbhóirí ábhartha, nó dul i gcomhairle leo, agus aon tacaíocht bhreise arna hiarraidh ag na Páirtithe a sholáthar. Rachaidh an t-idirghabhálaí i gcomhairle leis na Páirtithe roimh chúnamh a lorg ó shaineolaithe agus geallsealbhóirí ábhartha, nó roimh dhul i gcomhairle leo.

3. Féadfaidh an t-idirghabhálaí comhairle a thairiscint agus réiteach a mholadh lena meas ag na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe glacadh leis an réiteach molta nó diúltú dó, nó teacht ar chomhaontú maidir le réiteach éagsúil. Ní thabharfaidh an t-idirghabhálaí comhairle maidir le comhsheasmhacht an bhirt i gceist leis an gCuid seo den Chomhaontú seo ná ní thabharfaidh sé barúil air sin.

4. Seolfar an nós imeachta idirghabhála i gcríoch an Pháirtí is freagróir nó, le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe in aon suíomh eile nó ar aon bhealach eile.

5. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar réiteach a comhaontófar ar bhealach frithpháirteach laistigh de 60 lá tar éis dháta ceapacháin an idirghabhálaí. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú críochnaitheach, féadfaidh na Páirtithe réitigh eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, go háirithe má bhaineann an beart le hearraí meatacha, nó le hearraí nó seirbhísí séasúracha.

6. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an t-idirghabhálaí dréacht-tuarascáil fhíorasach a sholáthar do na Páirtithe lena soláthraítear:

(a) achoimre ghearr ar an mbeart atá i gceist;

(b) na nósanna imeachta a leanadh; agus

(c) más infheidhme, aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, lena n-áirítear réitigh eatramhacha fhéideartha.

7. Ceadóidh an t-idirghabhálaí 15 lá, tar éis dháta seachadta na dréacht-tuarascála fíorasaí, do na Páirtithe chun barúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil fhíorasach. Tar éis barúlacha na bPáirtithe a fuarthas a mheas, agus laistigh de 15 lá tar éis dó na barúlacha a fháil, seachadfaidh an t-idirghabhálaí tuarascáil fhíorasach chríochnaitheach chuig na Páirtithe. Ní bheidh aon léirmhíniú ar an gCuid seo den Chomhaontú seo san áireamh sa dréacht-tuarascáil fhíorasach ná sa tuarascáil fhíorasach chríochnaitheach.

8. Déanfar an nós imeachta idirghabhála a fhoirceannadh tríd an méid seo a leanas:

(a) glacadh réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach ag na Páirtithe, ar dháta an fhógra maidir leis don idirghabhálaí;

(b) comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe ag aon chéim den nós imeachta, ar dáta an fhógra maidir leis an gcomhaontú sin don idirghabhálaí;

(c) dearbhú i scríbhinn ón idirghabhálaí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nach mbeadh maith ar bith in iarrachtaí breise idirghabhála, ar dháta fhógra an dearbhaithe sin do na Páirtithe; nó

(d) dearbhú i scríbhinn ó Pháirtí tar éis dó réitigh mholta a fhiosrú faoin nós imeachta idirghabhála agus tar éis aon chomhairle agus réiteach molta ón idirghabhálaí a mheas, ar dháta an fhógra maidir leis an dearbhú sin don idirghabhálaí agus don Pháirtí eile.

Airteagal 38.29

Rúndacht

Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tá na céimeanna uile den nós imeachta idirghabhála, lena n-áirítear aon chomhairle nó réiteach molta, rúnda. Féadfaidh Páirtí a nochtadh don phobal gurb amhlaidh atá idirghabháil ar bun.

Airteagal 38.30

Gaol le nósanna imeachta um réiteach díospóidí

1. Tá an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoi Ranna B agus C nó faoi nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú eile.

2. Ní bhraithfidh Páirtí ar an méid seo a leanas, ná ní thabharfaidh sé an méid seo a leanas isteach mar fhianaise, i nósanna imeachta eile um réiteach díospóidí faoin Iarscríbhinn seo ná in aon chomhaontú eile, agus ní chuirfidh painéal an méid seo a leanas san áireamh:

(a) seasaimh arna nglacadh ag an bPáirtí eile le linn an nós imeachta idirghabhála nó faisnéis arna bailiú go heisiach faoi Airteagal 38.28(2);

(b) gurb amhlaidh a léirigh an Páirtí eile go bhfuil sé toilteanach glacadh le réiteach ar an mbeart faoi réir idirghabhála; nó

(c) comhairle a thugann an t-idirghabhálaí nó tograí a dhéanann sé.

3. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, ní fheidhmeoidh idirghabhálaí mar phainéalaí i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná faoi aon chomhaontú eile lena mbaineann an t-ábhar céanna ar lena aghaidh a bhí sé nó sí ina idirghabhálaí.

ROINN E

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 38.31

Iarraidh ar fhaisnéis

1. Sula ndéanfar iarraidh ar chomhairliúcháin nó idirghabháil de bhun Airteagal 38.4 nó 38.26, faoi seach, féadfaidh Páirtí faisnéis a iarraidh ar an bPáirtí eile maidir le beart a líomhnaítear go ndéanann sé dochar don trádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe a iarraidh. Déanfaidh an Páirtí dá ndéantar an iarraidh sin, laistigh de 20 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata, freagra i scríbhinn a sholáthar ina mbeidh a bharúlacha ar an bhfaisnéis a iarrtar.

2. Má mheasann an Páirtí a ndéantar an iarraidh chuige nach mbeidh sé in ann freagra a sholáthar laistigh de 20 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile go pras faoi sin, lena luaitear na cúiseanna leis an moill agus lena soláthraítear meastachán ar an tréimhse is gairide ar lena linn a bheidh sé in ann a fhreagra a sholáthar.

3. Is iondúil go mbíonn coinne leis go ndéanfadh Páirtí faisnéis a iarraidh de bhun mhír 1 den Airteagal seo sula ndéanfaí iarraidh ar chomhairliúcháin nó idirghabháil de bhun Airteagal 38.4 nó 38.26 faoi seach.

Airteagal 38.32

Réiteach a chomhaontú ar bhonn frithpháirteach

1. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach, tráth ar bith, i ndáil le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 38.2.

2. Má thagtar ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach le linn nós imeachta an phainéil nó an nós imeachta idirghabhála, tabharfaidh na Páirtithe fógra go comhpháirteach faoin réiteach sin do chathaoirleach an phainéil nó don idirghabhálaí, faoi seach. Ar an bhfógra sin a thabhairt, déanfar nós imeachta an phainéil nó an nós imeachta idirghabhála a fhoirceannadh.

3. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme láithreach nó laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh, de réir mar is infheidhme.

4. Tráth nach déanaí ná dul in éag na tréimhse ama comhaontaithe, cuirfidh an Páirtí cur chun feidhme an Páirtí eile ar an eolas, i scríbhinn, faoi aon bheart atá déanta aige chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme.

Airteagal 38.33

Tréimhsí ama

1. Déantar na tréimhsí ama uile a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhaireamh ón lá tar éis an ghnímh dá dtagraíonn siad.

2. Aon tréimhse dá dtagraítear sa Chaibidil seo, féadfar í a mhodhnú le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

3. Faoi Roinn C, féadfaidh an painéal tráth ar bith a mholadh do na Páirtithe aon tréimhse dá dtagraítear sa Chaibidil seo a mhodhnú, agus na cúiseanna leis an moladh á lua.

Airteagal 38.34

Costais

1. Seasfaidh gach Páirtí a chostais féin a dhíorthaíonn ón rannpháirtíocht i nós imeachta an phainéil nó sa nós imeachta idirghabhála.

2. Déanfaidh na Páirtithe na costais a dhíorthaítear ó ábhair eagraíochtúla, lena n-áirítear luach saothair agus costais na bpainéalaithe agus an idirghabhálaí, a chomhroinnt go comhpháirteach agus go cothrom. Cinnfear luach saothair na bpainéalaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn 38-A. I ndáil leis na rialacha maidir le luach saothair na bpainéalaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn 38-A, beidh feidhm acu maidir le hidirghabhálaithe *mutatis mutandis*.

Airteagal 38.35

Leasú ar na hIarscríbhinní

Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinní 38-A agus 38-B a leasú de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1).

CAIBIDIL 39

EISCEACHTAÍ

Airteagal 39.1

Eisceachtaí ginearálta

1. Chun críocha Chaibidlí 9, 11, 15, 26 agus 29 agus Roinn B de Chaibidil 17 ([141]) den Chomhaontú seo, déantar Airteagal XX de GATT 1994, lena n-áirítear a Nótaí agus a Fhorálacha Forlíontacha a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus féachtar chuige go bhfuil an méid sin mar chuid den Chomhaontú seo, *mutatis mutandis*.

2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirtear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar idir na tíortha i gcás ina mbeidh forlámhas ag coinníollacha comhchosúla, nó srianadh faoi cheilt ar léirscaoileadh infheistíochta nó trádáil i seirbhísí, ní fhorléireofar aon ní i gCaibidil 15, Caibidlí 18 go 27 ([142]), Caibidil 29 ná Roinn B de Chaibidil 17 ([143]) mar ní lena gcoisctear ar cheachtar Páirtí bearta a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

([141]) Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hAirteagal 17.10.
([142]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar le haon ní san Airteagal seo mar ní lena gcoisctear na cearta a leagtar amach in Iarscríbhinn 17-E.
([143]) Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hAirteagal 17.10.

(a) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun slándáil an phobail nó moráltacht an phobail a chosaint nó an t-ord poiblí a choimeád ([144]);

(b) bearta is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(c) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le:

(i) cleachtais mhealltacha agus cleachtais chalaoiseacha a chosc nó déileáil le héifeachtaí mainneachtana ar chonarthaí;

(ii) príobháideachas a chosaint i ndáil le próiseáil agus scaipeadh sonraí pearsanta agus rúndacht taifead agus cuntas aonair a chosaint; nó

(iii) sábháilteacht bia.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, a mhéid atá na bearta sin ar neamhréir le forálacha Chaibidlí na Coda seo dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, tuigeann na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) leis na bearta dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal XX de GATT 1994 agus i bhfomhír (b) de mhír 2 den Airteagal seo áirítear bearta comhshaoil is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(b) go bhfuil feidhm ag pointe (g) d'Airteagal XX de GATT 1994 maidir le bearta chun acmhainní nádúrtha neamh-in-athnuaite, idir bheo agus neamhbheo, a chaomhnú; agus

(c) is féidir go dtagann bearta arna ndéanamh chun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a chur chun feidhme faoi fhomhír (b) nó (g) d'Airteagal XX de GATT 1994 nó faoi fhomhír (b) de mhír 2 den Airteagal seo.

4. Sula ndéanfaidh Páirtí aon bheart dá bhforáiltear i bhfomhíreanna (i) agus (j) d'Airteagal XX de GATT 1994, soláthróidh an Páirtí sin an fhaisnéis ábhartha uile don Pháirtí eile, d'fhonn réiteach is inghlactha ag na Páirtithe a lorg. Mura dtagtar ar réiteach inghlactha laistigh de 30 lá ó sholáthar na faisnéise ábhartha, féadfaidh an Páirtí, a bhfuil sé beartaithe aige an beart a chur i bhfeidhm, déanamh amhlaidh. I gcás ina gcoisceann tosca eisceachtúla criticiúla, lena n-éilítear gníomhaíocht láithreach, réamhsholáthar agus réamhscrúdú na faisnéise, féadfaidh an Páirtí, a bhfuil sé beartaithe aige na bearta a chur i bhfeidhm, aon bheart réamhchúramach is gá chun aghaidh a thabhairt ar an gcás a chur i bhfeidhm láithreach. Cuirfidh an Páirtí sin an Páirtí eile ar an eolas láithreach maidir le cur i bhfeidhm na mbeart sin.

Airteagal 39.2

Eisceachtaí slándála

Tá feidhm ag Airteagal 41.4 maidir leis an gCuid den Chomhaontú seo.

Airteagal 39.3

Cánachas

1. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'áit chónaithe' áit chónaithe chun críoch cánach;

(b) ciallaíonn 'comhaontú cánach' comhaontú chun cánachas dúbailte a sheachaint nó aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta eile a bhaineann go hiomlán nó go príomha le cánachas ar páirtí ann aon Bhallstát, an tAontas Eorpach nó an tSile; agus

(c) ciallaíonn 'beart cánachais' beart lena gcuirtear i bhfeidhm dlí cánach an Aontais Eorpaigh, dlí cánach aon Bhallstáit, nó dlí cánach na Sile.

([144]) Ní fhéadfar na heisceachtaí a leagtar amach san fhomhír seo a agairt ach amháin i gcás ina mbeidh bagairt dháiríre, atá tromchúiseach a dhóthain, ar cheann de leasanna bunúsacha na sochaí.

2. Tá feidhm ag gCuid seo den Chomhaontú seo maidir le bearta cánachais a mhéid atá gá lena gcur i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo, agus sa chás sin amháin.

3. Ní dhéanfar difear le haon ní sa Chomhaontú seo do chearta agus oibleagáidí an Aontais Eorpaigh ná cearta agus oibleagáidí a Bhallstát ná cearta agus oibleagáidí na Sile, faoi aon chomhaontú cánach. I gcás ina mbeidh aon neamhréir ann idir an Chuid seo den Chomhaontú seo agus aon chomhaontú cánach, beidh forlámhas ag an gcomhaontú cánach sin go méid na neamhréire. Maidir le comhaontú cánach idir an tAontas Eorpach nó a Bhallstáit agus an tSile, údaráis inniúla ábhartha an Aontais Eorpaigh nó a údaráis inniúla ábhartha a Bhallstát ar thaobh amháin, agus údaráis inniúla ábhartha na Sile ar an taobh eile, faoin gCuid seo den Chomhaontú seo agus faoin gcomhaontú cánach sin, déanfaidh siad a chinneadh go comhpháirteach an ann do neamhréireacht idir an Comhaontú seo agus an comhaontú cánach sin.

4. Ní bheidh feidhm ag aon oibleagáid i ndáil le náisiún barrfhabhair faoin gCuid seo den Chomhaontú seo maidir le haon bhuntáiste arna thabhairt ag an Aontas Eorpach, a Bhallstáit, nó an tSile de bhun comhaontú cánach.

5. Faoi réir an cheanglais nach gcuirtear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar idir tíortha i gcás ina mbeidh forlámhas ag coinníollacha comhchosúla, nó srianadh faoi cheilt ar thrádáil agus infheistíocht, ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú seo mar ní lena gcoisctear ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh, a choinneáil ar bun nó a fhorfheidhmiú, ar beart é arb é is aidhm dó forchur nó bailiú cothromasach nó éifeachtach cánach díreach a áirithiú:

(a) lena ndéantar idirdhealú idir cáiníocóirí, nach bhfuil sa staid chéanna, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe; nó

(b) cánach a bhfuil sé d'aidhm acu seachaint nó imghabháil cánach a chosc faoi chomhaontú cánach nó dlí fioscach an Pháirtí sin.

Airteagal 39.4

Nochtadh faisnéise

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú seo mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí faisnéis rúnda a chur ar fáil, a bhfágfadh nochtadh na faisnéise sin go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a bheadh contrártha ar bhealach eile do leas an phobail, nó lena ndéanfaí dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar ar leith, poiblí nó príobháideach, seachas i gcás ina gceanglóidh painéal an fhaisnéis rúnda sin i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chaibidil 38. Sna cásanna sin, áiritheoidh an painéal go gcosnófar an rúndacht go hiomlán.

2. Nuair a dhéanann Páirtí faisnéis a mheastar a bheith rúnda faoina dhlí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhpháirtí, an Chomhchoiste, Fochoistí nó comhlachtaí eile a bhunaítear faoin gComhaontú seo, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí a chuireann isteach an fhaisnéis a mhalairt.

Airteagal 39.5

Tarscaoiltí EDT

Má tá oibleagáid faoin gCuid seo den Chomhaontú seo coibhéiseach go substaintiúil le hoibleagáid faoi Chomhaontú EDT, aon bheart arna dhéanamh i gcomhréir le tarscaoileadh a ghlactar de bhun Airteagal IX de Chomhaontú EDT, measfar go bhfuil sé i gcomhréir leis an oibleagáid den Chuid seo den Chomhaontú seo atá coibhéiseach go substainteach.

CUID IV

CREAT INSTITIÚIDEACH GINEARÁLTA

CAIBIDIL 40

CREAT INSTITIÚIDEACH

Airteagal 40.1

Comhairle Chomhpháirteach

1. Bunaíonn na Páirtithe Comhairle Chomhpháirteach leis seo. Déanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach maoirseacht ar chomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe seo agus a chur chun feidhme. Déanfaidh sí scrúdú ar aon ábhar a thiocfaidh chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo agus ar aon saincheist dhéthaobhach nó idirnáisiúnta eile a bhaineann leis an leas coiteann.

2. Tiocfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach le chéile laistigh de 1 bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus ar bhonn débhliantúil ina dhiaidh sin, nó de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe. Reáchtálfar cruinnithe na Comhairle Comhpháirtí agus an lucht freastail i láthair go pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta i gcomhréir lena rialacha nós imeachta. Reáchtálfar na cruinnithe, ag a mbeidh an lucht freastail i láthair go pearsanta, sa Bhruiséil agus in Santiago gach re seal.

3. Ionadaithe ar leibhéal aireachta a bheidh ar an gComhairle Chomhpháirteach thar ceann an Pháirtí AE, agus i gcás na Sile, an Aire Gnóthaí Eachtracha nó a ionadaithe a bheidh ar an gComhairle ar a ceann. I gcás ina ngníomhóidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála de bhun Airteagal 8.5, beidh sí comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe a bhfuil freagracht orthu as cúrsaí trádála agus infheistíochta.

4. Beidh an chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo agus moltaí a dhéanamh i gcomhréir lena rialacha nós imeachta. Is le comhaontú frithpháirteach a ghlacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach a cinntí agus a dhéanfaidh sí moltaí. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun na cinntí sin a chur chun feidhme. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí.

5. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaí ó gach Páirtí agus beidh ionadaí ó gach Páirtí ina gcomhchathaoirligh uirthi, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, agus na saincheisteanna sonracha a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu ag aon seisiún ar leith á gcur san áireamh.

6. Bunóidh an Chomhairle Chomhpháirteach a rialacha nós imeachta féin agus rialacha nós imeachta an Chomhchoiste ag an chéad chruinniú.

7. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach aon cheann dá feidhmeanna a tharmligean chuig an gComhchoiste, lena n-áirítear an chumhacht chun cinntí ceangailteacha agus moltaí a dhéanamh.

8. I dteannta an Airteagail seo, bíonn feidhm ag Airteagal 8.5 nuair a bhíonn an Chomhairle Chomhpháirteach ag gníomhú i gcumraíocht trádála.

Airteagal 40.2

Comhchoiste

1. Bunaíonn na Páirtithe Comhchoiste leis seo. Tabharfaidh an Comhchoiste cúnamh don Chomhairle Chomhpháirteach le feidhmiú a feidhmeanna.

2. Beidh an Comhchoiste freagrach as cur chun feidhme ginearálta an Chomhaontaithe seo. Maidir le cás ina mbeidh ábhar á bhreithniú nó saincheist á breithniú ag an gComhchoiste, ní choiscfear ar an gComhairle Chomhpháirteach leis sin plé leis an ábhar nó leis an tsaincheist.

3. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile laistigh de 1 bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus uair sa bhliain ina dhiaidh sin, nó de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe. Reáchtálfar cruinnithe an Chomhchoiste agus an lucht freastail i láthair go pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta i gcomhréir lena rialacha nós imeachta. Reáchtálfar na cruinnithe, ag a mbeidh an lucht freastail i láthair go pearsanta, sa Bhruiséil agus in Santiago gach re seal.

4. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe agus beidh ionadaí ó gach Páirtí ina gcomhchathaoirligh uirthi, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, agus na saincheisteanna sonracha a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu ag aon seisiún ar leith á gcur san áireamh.

5. I gcás ina ngníomhóidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála de bhun Airteagal 8.6, beidh sí comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe a bhfuil freagracht orthu as cúrsaí trádála agus infheistíochta.

6. Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú i gcás ina mbeidh an chumhacht sin tarmligthe ag an gComhairle Chomhpháirteach chuige de bhun Airteagal 40.1(7). Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste freisin moltaí a dhéanamh, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh an chumhacht sin tarmligthe chuige de bhun Airteagal 40.1(7). Is le comhaontú frithpháirteach agus i gcomhréir lena rialacha nós imeachta a ghlacfaidh an Comhchoiste a chinntí agus a dhéanfaidh sé moltaí. Agus é ag feidhmiú na bhfeidhmeanna tarmligthe, is i gcomhréir le rialacha nós imeachta na Comhairle Comhpháirtí a ghlacfaidh an Comhchoiste a chinntí agus a dhéanfaidh sé moltaí. Beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe sin na bearta uile is gá chun na cinntí sin a chur chun feidhme. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí.

7. I dteannta an Airteagail seo, bíonn feidhm ag Airteagal 8.6 nuair a bhíonn an Comhchoiste ag gníomhú i gcumraíocht trádála.

Airteagal 40.3

Fochoistí agus comhlachtaí eile

1. Bunaítear leis seo Fochoiste um Fhorbairt agus um Chomhar Idirnáisiúnta chun comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí comhair sna réimsí dá dtagraítear i gCuid II den Chomhaontú seo.

2. Bunaítear Fochoistí a bhaineann go sonrach le Cuid III den Chomhaontú seo de bhun Airteagal 8.8.

3. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh chun Fochoiste eile nó comhlacht eile a bhunú. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste cúraimí a bhaineann lena n-inniúlachtaí faoi seach a shannadh d'Fhochoiste nó comhlacht eile a bhunaítear de bhun na míre seo chun cabhrú leo a bhfeidhmeanna faoi seach a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar chúraimí sonracha nó ábhair shonracha. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste na cúraimí a shanntar d'aon Fhochoiste nó comhlacht a bhunaítear de bhun na míre seo a athrú nó a dhíscaoileadh.

4. Beidh na Fochoistí agus na comhlachtaí eile comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe agus ionadaí ó gach Páirtí ina gcomhchathaoirligh orthu.

5. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo nó mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tiocfaidh na Fochoistí le chéile laistigh de bhliain ónar bunaíodh iad agus, ina dhiaidh sin, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí nó don Chomhairle Chomhpháirteach nó don Chomhchoiste, ar leibhéal iomchuí. Féadfaidh na Fochoistí teacht le chéile ar a dtionscnamh féin freisin, faoi réir a rialacha nós imeachta faoi seach. Reáchtálfar cruinnithe na bhFochoistí agus an lucht freastail i láthair go pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta i gcomhréir lena rialacha nós imeachta faoi seach. Reáchtálfar na cruinnithe, ag a mbeidh an lucht freastail i láthair go pearsanta, sa Bhruiséil agus in Santiago gach re seal.

6. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo, tuairisceoidh na Fochoistí agus na comhlachtaí eile ar a ngníomhaíochtaí don Chomhchoiste go tráthrialta, agus arna iarraidh sin don Chomhchoiste.

7. Maidir le cás ina mbeidh ábhar á bhreithniú nó saincheist á breithniú ag aon cheann de na Fochoistí nó comhlachtaí eile, ní choiscfear ar an gComhairle Chomhpháirteach nó ar an gComhchoiste leis sin plé leis an ábhar nó leis an tsaincheist.

8. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste rialacha nós imeachta na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile a bhunú, má mheastar go bhfuil sé sin iomchuí. Mura mbunóidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste rialacha nós imeachta den sórt sin, beidh feidhm ag rialacha nós imeachta an Chomhchoiste *mutatis mutandis*.

9. Féadfaidh na Fochoistí agus comhlachtaí eile moltaí a dhéanamh, i gcomhréir lena rialacha nós imeachta faoi seach. Déanfaidh na Fochoistí agus comhlachtaí eile moltaí le comhaontú frithpháirteach. Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile.

10. Féadfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht, a bunaíodh de bhun Airteagal 8.8(1), cinntí a ghlacadh chun cinntiúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17.39. Féadfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais, a bunaíodh de bhun Airteagal 8.8(1), cinntí a ghlacadh chun cinntiúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 25.20. Glacfaidh na Fochoistí sin na cinntí sin le comhaontú frithpháirteach. Beidh cinntí den sórt sin ceangailteach ar na Páirtithe.

Airteagal 40.4

An Comhchoiste Parlaiminteach

1. Bunaítear Comhchoiste Parlaiminteach leis seo. Beidh sé comhdhéanta d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus d'Fheisirí Chomhdháil na Sile.

2. Bunóidh an Comhchoiste Parlaiminteach a rialacha nós imeachta féin.

3. Is fóram a bheidh sa Chomhchoiste Parlaiminteach chun teacht le chéile agus tuairimí a mhalartú agus caidreamh níos dlúithe a chothú. Tiocfaidh sé le chéile dhá uair sa bhliain.

4. Cuirfear an Comhchoiste Parlaiminteach ar an eolas faoi chinntí agus faoi mholtaí na Comhairle Comhpháirtí.

5. Féadfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhpháirtí maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 40.5

Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta

Cuirfidh gach Páirtí rannpháirtíocht na sochaí sibhialta chun cinn i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, go háirithe trí idirghníomh leis an nGrúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 40.6, agus leis an bhFóram Sochaí Sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 40.7.

Airteagal 40.6

Grúpaí Comhairleacha Baile

1. Cruthóidh nó ainmneoidh gach Páirtí Grúpa Comhairleach Baile laistigh de 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Is éard a bheidh i ngach Grúpa Comhairleach Baile ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí. Chun na críocha sin, bunóidh gach Páirtí a rialacha ceapacháin féin chun comhdhéanamh an Ghrúpa Chomhairligh Baile faoi seach a chinneadh, lena soláthrófar deiseanna rochtana do ghníomhaithe ar fud earnálacha éagsúla. Déanfar comhaltas gach Grúpa Chomhairligh Baile a athnuachan go tréimhsiúil, i gcomhréir leis na rialacha ceapacháin a bhunaítear de bhun na míre seo.

2. Tiocfaidh gach Páirtí agus a Ghrúpa Comhairleach Baile le chéile uair sa bhliain ar a laghad chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh gach Páirtí breithniú ar na tuairimí nó ar na moltaí a chuirfidh a Ghrúpa Comhairleach Baile faoina bhráid.

3. Chun feasacht an phobail ar a Ghrúpa Comhairleacha Intíre féin a chur chun cinn, foilseoidh gach Páirtí liosta na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach ina Ghrúpa Comhairleach Baile, chomh maith lena fhaisnéis teagmhála.

4. Cuirfidh na Páirtithe idirghníomhaíocht idir na Grúpaí Comhairleacha Baile chun cinn, ar mhodhanna iomchuí.

Airteagal 40.7

Fóram na Sochaí Sibhialta

1. Cuirfidh na Páirtithe eagrú tráthrialta Fhóram na Sochaí Sibhialta chun cinn chun idirphlé a chur sa siúl maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

2. Reáchtálfaidh na Páirtithe cruinnithe den Fhóram Sochaí Sibhialta le comhaontú frithpháirteach. Agus cruinniú den Fhóram Sochaí Sibhialta á reáchtáil, cuirfidh gach Páirtí cuireadh chuig eagraíochtaí sochaí sibhialta neamhspleácha atá bunaithe ina chríoch, lena n-áirítear comhaltaí a Ghrúpa Chomhairligh Baile faoi seach, dá dtagraítear in Airteagal 40.6. Cuirfidh gach Páirtí ionadaíocht chothrom chun cinn, lena gceadófar rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumann, agus eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí. Iompróidh gach eagraíocht na costais a bhaineann lena rannpháirtíocht san Fhóram Sochaí Sibhialta.

3. Ionadaithe na bPáirtithe a bheidh rannpháirteach sa Chomhairle Chomhpháirteach nó sa Chomhchoiste, glacfaidh siad, de réir mar is iomchuí, páirt i gcruinnithe an Fhóraim Sochaí Sibhialta. Foilseoidh na Páirtithe, i gcomhpháirt nó ar leithligh, aon ráiteas foirmiúil a dhéantar ag an bhFóram Sochaí Sibhialta.

CAIBIDIL 41

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 41.1

Sainmhíniú ar na Páirtithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) ciallaíonn 'Páirtí':

(i) an tAontas Eorpach nó a Bhallstáit, nó an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, i gcomhréir lena réimsí inniúlachta faoi seach (an 'Páirtí AE'), nó

(ii) an tSile; agus

(b) ciallaíonn 'Páirtithe' an Páirtí AE agus an tSile.

Airteagal 41.2

Cur i bhfeidhm críochach

1. Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis na háiteanna a leanas:

(a) maidir leis an bPáirtí AE, na críocha a gcuirtear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm maidir leo, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin; agus

(b) maidir leis an tSile, an talamh, an limistéar muirí, agus an t-aerspás faoina ceannasacht, agus an limistéar eacnamaíoch eisiach agus an scairbh ilchríochach a bhfeidhmíonn sí a cearta ceannasachta agus a dlínse laistigh díobh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ([145]) agus dlí na Sile ([146]).

Tuigfear tagairtí do 'críoch' sa Chomhaontú seo i gcomhréir leis an mír seo, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt go sainráite sa Chomhaontú seo.

2. A mhéid a bhaineann leis na forálacha a bhaineann le cóir taraife earraí, lena n-áirítear rialacha tionscnaimh agus stop sealadach na córa sin, tá feidhm ag an gComhaontú seo freisin maidir leis na limistéir sin de chríoch chustam an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([147]) nach gcumhdaítear le fomhír (a) de mhír 1 den Airteagal seo.

([145]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear i ndlí idirnáisiúnta, go háirithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh ag Montego Bay an 10 Nollaig 1982.

([146]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás neamhréir idir dlí na Sile agus an dlí idirnáisiúnta, beidh feidhm ag an dlí idirnáisiúnta.

([147]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO AE L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Airteagal 41.3

Oibleagáidí a chomhlíonadh

1. Déanfaidh gach Páirtí aon bheart ginearálta nó sonrach a cheanglaítear chun a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú seo.

2. Má mheasann Páirtí nár chomhlíon an Páirtí eile aon oibleagáid faoi Chuid III, beidh feidhm ag na sásraí sonracha dá bhforáiltear sa Chuid sin.

3. Má mheasann ceachtar Páirtí nár chomhlíon an Páirtí eile aon cheann de na hoibleagáidí, ar oibleagáidí iad ar a dtugtar tuairisc mar eilimintí fíor-riachtanacha in Airteagal 1.2(2) agus 2.2(1), féadfaidh sé bearta iomchuí a dhéanamh. Chun críche na míre seo, le 'bearta iomchuí' féadfar cur ar fionraí, go páirteach nó go hiomlán, an Chomhaontaithe seo a áireamh.

4. Má mheasann Páirtí gur mhainnigh an Páirtí eile aon oibleagáid faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh, seachas iad sin a thagann faoi raon feidhme mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi sin. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle faoi choimirce na Comhairle Comhpháirtí d'fhonn teacht ar réiteach atá inghlactha go frithpháirteach. Féachfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach le réiteach atá inghlactha go frithpháirteach a bhaint amach a luaithe is féidir. I gcás nach n-éiríonn leis an gComhairle Chomhpháirteach réiteach atá inghlactha go frithpháirteach a bhaint amach laistigh de 60 lá ó dháta an fhógra, féadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige bearta iomchuí a dhéanamh. Chun críoch na míre seo, le 'bearta iomchuí' féadfar cur ar fionraí Chodanna I, II, agus IV den Chomhaontú seo a áireamh, agus an méid sin amháin.

5. Déanfar bearta iomchuí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta agus beidh siad comhréireach leis an mainneachtain oibleagáidí a chur chun feidhme faoin gComhaontú seo. Ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta sin is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 41.4

Eisceachtaí slándála

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo:

(a) mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí aon fhaisnéis a thabhairt, nó rochtain ar aon fhaisnéis a cheadú, ar faisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála; nó

(b) mar ní chun Páirtí a chosc ar aon ghníomh a dhéanamh a mheasann sé a bhfuil gá leis chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:

(i) atá nasctha le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a gháinneáil agus leis an ngáinneáil agus na hidirbhearta sin in earraí agus ábhair, seirbhísí agus teicneolaíocht eile, agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, arna ndéanamh go díreach nó go hindíreach chun bunaíocht mhíleata a sholáthar;

(ii) ar leasanna iad a bhaineann le hábhair inseamhnaithe agus in-chomhleáite nó leis na hábhair óna ndíorthaítear na hábhair sin; nó

(iii) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó

(c) mar ní chun Páirtí a chosc ar aon ghníomh a dhéanamh de bhun a oibleagáidí faoi Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

2. Cuirfidh Páirtí an Comhchoiste ar an eolas, a mhéid is féidir, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanann sé faoi fhomhíreanna (b) agus (c) de mhír 1 agus scor na gníomhaíochta sin.

Airteagal 41.5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den tríú mí tar éis dháta an fhógra deiridh lena gcuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas gur chuir siad i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha féin is gá do theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn sealadach, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

3. Tosóidh an cur i bhfeidhm sealadach an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach, nósanna imeachta is gá don chríoch sin, lena n-áirítear deimhniú ón tSile maidir lena comhaontú na codanna den Chomhaontú seo arna mholadh ag Páirtí AE a chur i bhfeidhm go sealadach.

4. Féadfaidh ceachtar Páirtí fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile á rá go bhfuil sé beartaithe aige cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo a fhoirceannadh. Scoirfear de chur i bhfeidhm sealadach an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra sin.

5. Le linn chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach agus comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú seo a bhfeidhmeanna a fheidhmiú maidir le forálacha atá faoi réir cur i bhfeidhm sealadach. Aon chinneadh a ghlactar i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, scoirfidh siad de bheith éifeachtach ón dáta a fhoirceannfar cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo i gcomhréir le mír 4. Ní dhéanfar difear d'éifeachtaí cinntí a rinneadh go hiomchuí roimh an dáta sin.

6. Más rud é, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3, go gcuirfear foráil den Chomhaontú seo i bhfeidhm go sealadach fad a bheidh teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar feitheamh, le haon tagairt san fhoráil sin do dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tuigfear go dtagraítear don dáta óna gcuirfidh na Páirtithe an fhoráil sin i bhfeidhm i gcomhréir le mír 3.

7. Fógraí a thugtar i gcomhréir leis an Airteagal seo, seolfar iad, i gcás an Pháirtí AE, chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus, i gcás na Sile, chuig an Aireacht Gnóthaí Eachtracha.

Airteagal 41.6

Leasuithe

1. Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú, i scríbhinn, an Comhaontú seo a leasú. Tiocfaidh leasuithe i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha Airteagal 41.5, *mutatis mutandis*.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinntí a ghlacadh chun an Comhaontú seo a leasú sna cásanna dá dtagraítear i bhfomhír (a) d'Airteagal 8.5(1) agus in Airteagal 41.9(5).

Airteagal 41.7

Comhaontuithe eile

1. An Comhaontú Comhlachais, lena n-áirítear aon chinneadh a dhéantar faoina Chreat Institiúideach, scoirfidh sé de bheith éifeachtach agus tiocfaidh an Comhaontú seo ina ionad tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Scoirfidh an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil de bheith éifeachtach agus tiocfaidh an Comhaontú seo ina ionad tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

3. Tagairtí don Chomhaontú Comhlachais, lena n-áirítear aon chinneadh a dhéantar faoina Chreat Institiúideach, nó tagairtí don Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil sna comhaontuithe agus comhthuiscintí uile eile idir Páirtithe, forléireofar go dtagraítear don Chomhaontú seo leo.

4. Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chomhlánú trí chomhaontuithe sonracha a thabhairt i gcrích in aon réimse comhair a thagann faoi raon feidhme Chuid II den Chomhaontú seo. Beidh na comhaontuithe sonracha sin ina gcuid dhílis den chaidreamh déthaobhach foriomlán arna rialú leis an gComhaontú seo agus beidh siad faoi réir creat institiúideach coiteann.

5. Comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana a bhaineann le réimsí sonracha comhair a thagann faoi Chuid II den Chomhaontú seo, measfar gur cuid den chaidreamh déthaobhach foriomlán iad, ar caidreamh é a rialaítear leis an gComhaontú seo, agus beidh siad faoi réir an chreata institiúidigh choitinn.

6. Scoirfidh comhaontuithe atá ann cheana a thagann faoi raon feidhme Chuid III den Chomhaontú seo de bheith éifeachtach tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

7. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, aon mholadh nó aon chinneadh a ghlac an Chomhairle um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, measfar go mbeidh sé glactha ag an gComhairle Chomhpháirteach a bunaíodh le hAirteagal 40.1 de Chuid IV den Chomhaontú seo. Aon mholadh nó aon chinneadh a ghlac an Coiste um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, measfar go mbeidh sé glactha ag an gComhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 40.2 den Chomhaontú seo.

8. D'ainneoin mhír 2 den Airteagal seo:

(a) bearta coimirce sealadacha arna nglacadh de bhun Airteagal 20.5 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(b) bearta coimirce déthaobhacha arna nglacadh de bhun Roinn C de Chaibidil 5 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(c) nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna dtionscnamh cheana féin de bhun Airteagal 26.22(1) nó Airteagal 31.5 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo amach, leanfar leo go dtí go dtabharfar i gcrích iad; agus

(d) toradh ceangailteach aon nós imeachta um réiteach díospóidí arna thionscnamh de bhun Airteagal 26.22(1) nó Airteagal 31.5 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, beidh sé fós ina cheangal ar na Páirtithe tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

9. Ní bheidh na Páirtithe in ann imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh faoin gComhaontú seo maidir le hábhair ar ar tugadh tuairisc i dtuarascáil chríochnaitheach phainéil faoi Chaibidil 26 nó faoi Chaibidil 31 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil.

10. Déanfar idirthréimhsí atá imithe in éag go hiomlán nó go páirteach cheana féin faoin gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil a chur san áireamh agus idirthréimhsí dá bhforáiltear i bhforálacha coibhéiseacha an Chomhaontaithe seo á ríomh. Déanfar na hidirthréimhsí sin faoin gComhaontú seo a ríomh ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil.

11. Déanfar tréimhsí nós imeachta atá imithe in éag go hiomlán nó go páirteach cheana féin faoin gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil a chur san áireamh agus tréimhsí nós imeachta dá bhforáiltear i bhforálacha coibhéiseacha an Chomhaontaithe seo á ríomh.

12. An Comhaontú maidir le Trádáil Fíona in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais ('Comhaontú Fíona') agus an Comhaontú maidir le Trádáil Deochanna Biotáilleacha agus Deochanna Cumhraithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais ('Comhaontú Biotáille'), ([148]) lena n-áirítear na hiarscríbhinní uile, ionchorpraítear iad agus déantar cuid den Chomhaontú seo iad, *mutatis mutandis* agus mar a leanas:

(a) tagairtí sa Chomhaontú Fíona agus sa Chomhaontú Biotáille don 'sásra um réiteach díospóidí dá dtagraítear i gCuid IV den Chomhaontú Comhlachais', chomh maith le 'an Cód Iompair dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVI a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais', ba cheart a thuiscint leo go dtagraíonn siad don sásra um réiteach díospóidí dá bhforáiltear i gCaibidil 38 agus don Chód Iompair dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 38-B, faoi seach, den Chomhaontú seo;

(b) tagairtí sa Chomhaontú Fíona agus sa Chomhaontú Biotáille do 'an Pobal', ba cheart a thuiscint leo go dtagraíonn siad don Pháirtí AE;

(c) tagairtí sa Chomhaontú Fíona agus sa Chomhaontú Biotáille do 'an Coiste Comhlachais' a bhunaítear leis an gComhaontú Comhlachais, ba cheart a thuiscint leo go dtagraíonn siad don Chomhchoiste, a bhunaítear de bhun Airteagal 40.2 den Chomhaontú seo, ag gníomhú i gcumraíocht trádála;

(d) tagairtí sa Chomhaontú Fíona agus sa Chomhaontú Biotáille do 'Iarscríbhinn IV den Chomhaontú Comhlachais', ba cheart a thuiscint leo go dtagraíonn siad do Chaibidil 13 den Chomhaontú seo;

(e) ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh feidhm ag an gComhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 30 den Chomhaontú Fíona agus an Comhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 17 den Chomhaontú Biotáille, agus leanfar d'fheidhmiú na bhfeidhmeanna a thugtar le fios in Airteagal 29 den Chomhaontú Fíona agus in Airteagal 16 den Chomhaontú Biotáille;

(f) ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Airteagal 41.11(2) den Chomhaontú seo maidir leis an gComhaontú Fíona agus an Comhaontú Biotáille; agus

([148]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá dáta sínithe agus dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Fíona agus an Chomhaontaithe Biotáille mar an gcéanna le dáta sínithe agus dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais.

(g) tuigfear go n-áirítear leis an gComhaontú Fíona agus an Comhaontú Biotáille, mar a ionchorpraítear iad sa Chomhaontú seo, aon leasú ar an gComhaontú Fíona agus an Comhaontú Biotáille mar a ionchorpraítear iad sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil.

13. Aon chinneadh a dhéantar faoi Chreat Institiúideach an Chomhaontaithe Comhlachais a bhaineann leis an gComhaontú Fíona nó an Comhaontú Biotáille atá i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, measfar go mbeidh sé glactha ag an gComhchoiste, a bhunaítear de bhun Airteagal 40.2 den Chomhaontú seo, ag gníomhú i gcumraíocht trádála.

14. Féadfaidh na Páirtithe na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú Fíona agus an Comhaontú Biotáille, de réir a ionchorpraítear iad, a leasú le malartú litreacha. ([149]).

Airteagal 41.8

Iarscríbhinní, foscríbhinní, prótacail, nótaí agus fonótaí

Beidh na hiarscríbhinní, na foscríbhinní, na prótacail, na nótaí agus na fonótaí a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcuid dhílis de.

Airteagal 41.9

Aontachais leis an Aontas Eorpach amach anseo

1. Cuirfidh an Páirtí AE an tSile ar an eolas faoi aon iarraidh ar aontachas tríú tír leis an Aontas Eorpach.

2. Cuirfidh an Páirtí AE an tSile ar an eolas faoi dháta sínithe agus dáta teacht i bhfeidhm conartha aontachais Ballstáit nua leis an Aontas Eorpach ('Conradh Aontachais').

3. Aontóidh Ballstát nua don Chomhaontú seo i gcomhréir leis na téarmaí arna gcinneadh ag an gComhairle Chomhpháirteach. Gabhfaidh éifeacht leis an aontachas sin ó dháta aontachais an Bhallstáit nua leis an Aontas Eorpach.

4. D'ainneoin mhír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Cuid III den Chomhaontú seo idir an Ballstát nua agus an tSile ó dháta aontachais an Bhallstáit nua sin leis an Aontas.

5. Chun cur chun feidhme mhír 4 den Airteagal seo a éascú, ó dháta sínithe an Chonartha Aontachais amach, déanfaidh an Comhchoiste scrúdú ar aon éifeacht ar an gComhaontú seo a eascróidh as aontachas Ballstáit nua leis an Aontas Eorpach, de bhun fhomhír (f) d'Airteagal 8.6(1). Glacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh maidir le haon leasú is gá ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus maidir le haon oiriúnú eile is gá, lena n-áirítear bearta idirthréimhseacha. Beidh éifeacht ag aon chinneadh ón gComhchoiste, arna ghlacadh de bhun na míre seo, ar dháta aontachais an Bhallstáit nua sin leis an Aontas Eorpach.

Airteagal 41.10

Cearta príobháideacha

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a thugann cearta go díreach do dhaoine nó a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine, seachas na cearta nó oibleagáidí siúd arna gcruthú idir na Páirtithe faoi dhlí idirnáisiúnta poiblí, ná mar ní a cheadaíonn an Comhaontú seo a agairt go díreach i gcórais dlí na bPáirtithe.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí foráil maidir le ceart caingne faoi dhlí an Pháirtí sin in aghaidh an Pháirtí eile ar an bhforas go bhfuil beart de chuid an Pháirtí eile ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

Airteagal 41.11

Tagairtí do dhlíthe agus do chomhaontuithe eile

1. Mura bhforáiltear a mhalairt, i gcás ina ndéantar tagairt sa Chomhaontú seo do dhlíthe agus do rialacháin Páirtí, tuigfear go mbeidh aon leasú ar na dlíthe agus na rialacháin sin san áireamh leo.

([149]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuirfidh an tSile aon leasú ar an gComhaontú Fíona agus an Comhaontú Biotáille, mar a ionchorpraítear sa Chomhaontú seo iad, i bhfeidhm trí *acuerdos de ejecución* (comhaontuithe forghníomhaithe), i gcomhréir le dlí na Sile.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, i gcás ina ndéantar tagairt do chomhaontuithe idirnáisiúnta, nó ina ndéantar iad a ionchorprú sa Chomhaontú seo, go hiomlán nó i bpáirt, tuigfear go mbeidh san áireamh leo aon leasú orthu nó comhaontuithe comharba a thiocfaidh i bhfeidhm don dá Pháirtí ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo nó dá éis.

3. Má thagann aon ábhar chun cinn maidir leis an gComhaontú seo a chur chun feidhme nó a chur i bhfeidhm mar thoradh ar aon leasú nó aon chomhaontú comharba dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh na Páirtithe, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, dul i gcomhairle lena chéile d'fhonn réiteach sásúil a fháil don dá thaobh.

Airteagal 41.12

Marthanacht

Leanfaidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse neamhtheoranta.

Airteagal 41.13

Foirceannadh

D'ainneoin Airteagal 41.12, féadfaidh ceachtar Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoin rún atá aige an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Seolfar an fógra sin, i gcás an Pháirtí AE, chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus, i gcás na Sile, chuig an Aireacht Gnóthaí Eachtracha. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 6 mhí tar éis dháta an fhógra sin.

Airteagal 41.14

Téacsanna barántúla

Déantar an Comhaontú seo a tharraingt suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Á FHIANÚ SIN shínigh na daoine thíos-sínithe, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, an Comhaontú seo.

Съставено в Брюксел на тринадесети декември две хиляди двадесет и трета година.

Hecho en Bruselas, el trece de diciembre de dos mil veintitrés.

V Bruselu dne třináctého prosince dva tisíce dvacet tři.

Udfærdiget i Bruxelles den trettende december to tusind og treogtyve.

Geschehen zu Brüssel am dreizehnten Dezember zweitausenddreiundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne kolmanda aasta detsembrikuu kolmeteistkümnendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δέκα τρεις Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι τρία.

Done at Brussels on the thirteenth day of December in the year two thousand and twenty three.

Fait à Bruxelles, le treize décembre deux mille vingt-trois.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an tríú lá déag de mhí na Nollag sa bhliain dhá mhíle fiche a trí.

Sastavljeno u Bruxellesu trinaestog prosinca godine dvije tisuće dvadeset treće.

Fatto a Bruxelles, addì tredici dicembre duemilaventitré.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit trešā gada trīspadsmitajā decembrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt trečių metų gruodžio tryliktą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonharmadik év december havának tizenharmadik napján.

Magħmul fi Brussell, fit-tlettax-il jum ta' Diċembru fis-sena elfejn u tlieta u għoxrin.

Gedaan te Brussel, dertien december tweeduizend drieëntwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia trzynastego grudnia roku dwa tysiące dwudziestego trzeciego.

Feito em Bruxelas, em treze de dezembro de dois mil e vinte e três.

Întocmit la Bruxelles la treisprezece decembrie două mii douăzeci și trei.


V Bruseli trinásteho decembra dvetisícdvadsaťtri.

V Bruslju, trinajstega decembra dva tisoč triindvajset.

Tehty Brysselissä kolmantenatoista päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkolme.

Som skedde i Bryssel den trettonde december år tjugohundratjugotre.

Voor het Koninkrijk België
Pour le Royaume de Belgique
Für das Königreich Belgien



Deze handtekening verbindt eveneens de Vlaamse Gemeenschap, de Franse Gemeenschap, de Duitstalige Gemeenschap, het Vlaamse Gewest, het Waalse Gewest en het Brussels Hoofdstedelijk Gewest.


Cette signature engage également la Communauté française, la Communauté flamande, la Communauté germanophone, la Région wallonne, la Région flamande et la Région de Bruxelles-Capitale.

Diese Unterschrift bindet zugleich die Deutschsprachige Gemeinschaft, die Flämische Gemeinschaft, die Französische Gemeinschaft, die Wallonische Region, die Flämische Region und die Region Brüssel-Hauptstadt.


За Република България




Za Českou republiku



For Kongeriget Danmark



Für die Bundesrepublik Deutschland




Eesti Vabariigi nimel




Thar ceann na hÉireann
For Ireland



Για την Ελληνική Δημοκρατία




Por el Reino de España



Pour la République française



Za Republiku Hrvatsku



Per la Repubblica italiana




Για την Κυπριακή Δημοκρατία



Latvijas Republikas vārdā –



Lietuvos Respublikos vardu




Pour le Grand-Duché de Luxembourg



Magyarország részéről



Għar-Repubblika ta' Malta



Voor het Koninkrijk der Nederlanden




Für die Republik Österreich



W imieniu Rzeczypospolitej Polskiej



Pela República Portuguesa



Pentru România




Za Republiko Slovenijo

Za Slovenskú republiku


Suomen tasavallan puolesta
För Republiken Finland

För Konungariket Sverige

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



Por la República de Chile



IARSCRÍBHINN 9

SCEIDEAL UM DHÍOTHÚ TARAIFÍ

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'bliain 0' an tréimhse dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus dar críoch an 31 Nollaig den bhliain féilire chéanna. Tosóidh 'Bliain 1' an 1 Eanáir tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus tiocfaidh gach laghdú taraife ina dhiaidh sin i bhfeidhm an 1 Eanáir gach bliain ina dhiaidh sin.

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tugtar 'Comhaontú Comhlachais 2002' ar an gComhaontú lena mbunaítear an comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, arna shíniú sa Bhruiséil an 18 Samhain 2002, arna mhodhnú den uair dheireanach leis an Tríú Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú sin, arna shíniú sa Bhruiséil an 29 Meitheamh 2017.

3. Earraí tionscnaimh nach liostaítear i sceideal Páirtí a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, leanfaidh siad de chóir shaor ó dhleacht a fháil nuair a allmhairítear iad chuig an bPáirtí sin, mar a chomhaontaítear faoi Chomhaontú Comhlachais 2002. I gcás earraí de thionscnamh na Sile a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach, baineann sé sin leis na hearraí a aicmítear i gCaibidlí 5, 6, 9, 14, 25 go 28, 30, 31, 32, 34, 36, 37 agus 39 go 97, nó faoi cheannteidil 2901 go 2904, 2906 go 2942, 3301, 3303 go 3307, 3501, 3503, 3504, 3506, 3507, 3801 go 3808, 3810 go 3823, 3825 agus 3826 den Chóras Comhchuibhithe (arna leasú an 1 Eanáir 2017). I gcás earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh a allmhairítear isteach sa tSile, baineann sé sin leis na hearraí a aicmítear i gCaibidlí 1, 2, 5 go 9, 13, 14, 18, 20, 22 agus 24 go 97 den Chóras Comhchuibhithe (arna leasú an 1 Eanáir 2017).

4. I gcás earraí tionscnaimh de chuid an Pháirtí eile a leagtar amach i sceideal gach Páirtí a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, beidh feidhm ag na catagóirí céimnithe seo a leanas maidir le dleachtanna custaim a laghdú nó a dhíothú de bhun Airteagal 9.5:

(a) na dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe '0' i sceideal um dhíothú taraifí Páirtí, beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

(b) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe '3' i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí a dhíothú i gceithre chéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir de bhliain 3;

(c) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe '5' i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí a dhíothú i sé chéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir de bhliain 5;

(d) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe '7' i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí a dhíothú in ocht gcéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir de bhliain 7;

(e) déanfar dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe '7*' i sceideal um dhíothú taraifí na Sile i bhFoscríbhinn 9-2 a dhíothú i dtrí chéim bhliantúla chomhionanna ag tosú ar an 1 Eanáir de bhliain 5, agus beidh na hearraí sin saor ó dhleacht ón 1 Eanáir de bhliain 7;

(f) comhpháirt *ad valorem* na ndleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear sna hítimí i gcatagóir chéimnithe '0+EP' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1, déanfar í a dhíothú ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; ní bheidh feidhm ag an díothú taraifí ach amháin maidir leis an dleacht *ad valorem*, an dleacht shonrach ar earraí tionscnaimh a thagann chun cinn i gcás ina dtiteann an praghas allmhairiúcháin faoi bhun an phraghais iontrála, coinneofar an dleacht shonrach sin;

(g) beidh dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh dá bhforáiltear i ndáil leis na hítimí i gcatagóir chéimnithe 'E' i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí díolmhaithe ó dhíothú taraifí.

5. Is é ráta dleachta custaim an náisiúin barrfhabhair a cuireadh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2018 nó an dleacht tosaíochta a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 an bonnráta lena gcinnfear ráta céimnithe eatramhach na dleachta custaim le haghaidh ítim, cibé ceann is ísle.

6. Chun dleachtanna custaim a dhíothú de bhun Airteagal 9.5, déanfar rátaí dleachta céimnithe eatramhacha a chothromú síos ar a laghad go dtí an deichiú is gaire de phointe céatadáin nó, más in aonaid airgeadaíochta a shloinntear an ráta dleachta, go dtí an 0,01 ar a laghad d'aonad oifigiúil airgeadaíochta an Pháirtí.

7. I gcás ina bhfuil ítimí marcáilte le nodaireacht 'TRQ' i sceideal um dhíothú taraifí de chuid Páirtí, tá feidhm ag an gcatagóir chéimnithe maidir le hallmhairí earraí lasmuigh den taraif-chuóta a shonraítear i Roinn B.

8. Tá an Iarscríbhinn seo bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe, arna leasú an 1 Eanáir 2017.

ROINN B

TARAIF-CHUÓTAÍ

I gcás an riaracháin i mbliain 0 den taraif-chuóta (TRQ) a bhunaítear faoin Iarscríbhinn seo, ríomhfaidh na Páirtithe méid an TRQ sin ach an méid *pro rata* a chomhfhreagraíonn don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur as an áireamh ([1]).

Páirtí a osclaíonn TRQanna don Pháirtí eile, rud dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, déanfaidh sé na TRQanna sin a riar ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir lena dhlí féin. An Páirtí a osclaíonn TRQanna, cuirfidh sé ar fáil go poiblí, ar bhealach tráthúil leanúnach, an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le riaracháin na gcuótaí, lena n-áirítear na critéir atá ar fáil maidir le méideanna agus incháilitheacht.

Déanfaidh an tSile na TRQanna a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a riar ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'.

Déanfaidh an Páirtí AE na TRQanna a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a riar ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce', nó ar bhonn córas ceadúnas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin atá ag oibriú i gcomhréir lena dhlí.

FOROINN 1

TARAIF-CHUÓTAÍ NA SILE

1. TRQ Cáis

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas agus dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-Cáis' i sceideal um dhíothú taraifí na Sile i bhFoscríbhinn 9-2 agus a liostaítear i bhfomhír (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([2]).

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (tonaí méadracha)
0	2 850
1	2 925
2	3 000
3	3 075
4	3 150
5	3 225
6	3 300

(b) Má thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm in 2024 nó níos déanaí, cuirfear méadú 75 thona mhéadracha leis na cainníochtaí bliantúla comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (a) le haghaidh gach bliana féilire iomláine a imeoidh thart idir an 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir sa bhliain ina dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ([3]).

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, déanfar an méid atá ar fáil do bhliain 0 a ríomh trí an méid géillte a chomhfhreagraíonn do bhliain 0 (mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo) a iolrú faoi chodán, a bhfuil a uimhreoir comhionann leis an líon laethanta atá fágtha de bhliain 0, agus a bhfuil a ainmneoir comhionann leis an líon iomlán laethanta atá i mbliain 0 (365 nó 366, de réir mar is iomchuí).

([2]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 1 500 tona méadrach (an méid tosaigh) a leagtar amach i Roinn 1, mír 1(c) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

([3]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo beartaithe chun an méadú bliantúil ar mhéideanna a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 a léiriú, go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0406 10 10, 0406 10 20, 0406 10 30, 0406 10 90, 0406 20 00, 0406 30 00, 0406 40 00, 0406 90 10, 0406 90 20, 0406 90 30, 0406 90 40 agus 0406 90 90.

(d) Cuirfear deireadh leis an TRQ seo de réir a chéile tar éis dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le sceideal um dhíothú taraifí na Sile i bhFoscríbhinn 9-2.

2. TRQ Táirgí iascaigh

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-Éisc' i sceideal um dhíothú taraifí na Sile i bhFoscríbhinn 9-2 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán de 5 000 tona méadrach (meáchan táirge) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i mbliain 0 go 2 ([4]).

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0302 54 11, 0302 54 12, 0302 54 13, 0302 54 14, 0302 54 15, 0302 54 16, 0302 54 19 agus 0302 59 19.

(c) Cuirfear deireadh leis an TRQ seo de réir a chéile tar éis dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le sceideal um dhíothú taraifí na Sile i bhFoscríbhinn 9-2.

FOROINN 2

TARAIF-CHUÓTAÍ AN PHÁIRTÍ AE

1. TRQ Feola bó-ainmhithe

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-BF' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán 4 800 tona méadrach (meáchan táirge) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([5]).

(b) Má thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm in 2022 nó níos déanaí, cuirfear méadú 100 tona méadrach leis an gcainníocht bhliantúil chomhiomlán a leagtar amach i bhfomhír (a) le haghaidh gach bliana féilire iomláine a imeoidh thart idir an 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir sa bhliain ina dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ([6]).

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0201 10 00, 0201 20 20, 0201 20 30, 0201 20 50, 0201 20 90, 0201 30 00, 0202 10 00, 0202 20 10, 0202 20 30, 0202 20 50, 0202 20 90, 0202 30 10, 0202 30 50, 0202 30 90, 0206 10 95, 0206 29 91, 0210 20 10, 0210 20 90, 0210 99 51, 1602 50 10 agus 1602 90 61.

2. TRQ Muiceola

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-PK' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán de 19 800 tona méadrach (meáchan táirge) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([7]).

(b) Má thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm in 2022 nó níos déanaí, cuirfear méadú 350 tona méadrach leis an gcainníocht bhliantúil chomhiomlán a leagtar amach i bhfomhír (a) le haghaidh gach bliana féilire iomláine a imeoidh thart idir an 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir sa bhliain ina dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ([8]).

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0203 11 10, 0203 12 11, 0203 12 19, 0203 19 11, 0203 19 13, 0203 19 15, 0203 19 55, 0203 19 59, 0203 21 10, 0203 22 11, 0203 22 19, 0203 29 11, 0203 29 13, 0203 29 15, 0203 29 55, 0203 29 59, 1601 00 91, 1601 00 99, 1602 41 10, 1602 42 10, 1602 49 11, 1602 49 13, 1602 49 15, 1602 49 19, 1602 49 30, 1602 49 50 agus 1602 90 51.

([4]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 5 000 tona méadrach (an méid tosaigh) a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (a) de mhír 3, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

([5]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 1 000 tona méadrach (an méid tosaigh) a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (a) de mhír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002. Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar an méadú bliantúil 10 % ar an gcainníocht thosaigh a leagtar amach i Roinn 1, mír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002 a dhíothú.

([6]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo beartaithe chun an méadú bliantúil ar mhéideanna a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 a léiriú, go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

([7]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 3 500 tona méadrach (an méid tosaigh) agus 1 000 tona méadrach a cuireadh leis tar éis aontachas na Cróite leis an Aontas Eorpach a leagtar amach i Roinn 1, fomhíreanna (b) agus (e) de mhír 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002. Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar an méadú bliantúil 10 % ar an gcainníocht thosaigh a leagtar amach i Roinn 1, mír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002 a dhíothú.

([8]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo beartaithe chun an méadú bliantúil ar mhéideanna a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 a léiriú, go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

3. TRQ Caoireola

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-SP' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht sa chainníocht bhliantúil chomhiomlán de 9 600 tona méadrach (meáchan táirge) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([9]).

(b) Má thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm in 2022 nó níos déanaí, cuirfear méadú 200 tona méadrach leis an gcainníocht bhliantúil chomhiomlán a leagtar amach i bhfomhír (a) le haghaidh gach bliana féilire iomláine a imeoidh thart idir an 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir sa bhliain ina dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ([10]).

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear i gceannteideal taraife 0204.

4. TRQ Feola éanlaithe clóis

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas agus dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-PY' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([11]).

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (tonaí méadracha, meáchan táirge)
0 go 2	29 300
3 agus gach bliain ina dhiaidh sin	38 300

(b) Má thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm in 2022 nó níos déanaí, cuirfear méadú 725 thona mhéadracha leis na cainníochtaí bliantúla comhiomlána a leagtar amach i bhfomhír (a) le haghaidh gach bliana féilire iomláine a imeoidh thart idir an 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir sa bhliain ina dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ([12]).

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0207 11 10, 0207 11 30, 0207 11 90, 0207 12 10, 0207 12 90, 0207 13 10, 0207 13 20, 0207 13 30, 0207 13 40, 0207 13 50, 0207 13 60, 0207 13 70, 0207 13 99, 0207 14 10, 0207 14 20, 0207 14 30, 0207 14 40, 0207 14 50, 0207 14 60, 0207 14 70, 0207 14 99, 0207 24 10, 0207 24 90, 0207 25 10, 0207 25 90, 0207 26 10, 0207 26 20, 0207 26 30, 0207 26 40, 0207 26 50, 0207 26 60, 0207 26 70, 0207 26 80, 0207 26 99, 0207 27 10, 0207 27 20, 0207 27 30, 0207 27 40, 0207 27 50, 0207 27 60, 0207 27 70, 0207 27 80, 0207 27 99, 0207 41 20, 0207 41 30, 0207 41 80, 0207 42 30, 0207 42 80, 0207 44 10, 0207 44 21, 0207 44 31, 0207 44 41, 0207 44 51, 0207 44 61, 0207 44 71, 0207 44 81, 0207 44 99, 0207 45 10, 0207 45 21, 0207 45 31, 0207 45 41, 0207 45 51, 0207 45 61, 0207 45 71, 0207 45 81, 0207 45 99, 0207 51 10, 0207 51 90, 0207 52 10, 0207 52 90, 0207 54 10, 0207 54 21, 0207 54 31, 0207 54 41, 0207 54 51, 0207 54 61, 0207 54 71, 0207 54 81, 0207 54 99, 0207 55 10, 0207 55 21, 0207 55 31, 0207 55 41, 0207 55 51, 0207 55 61, 0207 55 71, 0207 55 81, 0207 55 99, 0207 60 05, 0207 60 10, 0207 60 21, 0207 60 31, 0207 60 41, 0207 60 51, 0207 60 61, 0207 60 81, 0207 60 99, 1602 32 11 agus 1602 39 21.

5. TRQ Éisc

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-Éisc' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 250 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([13]).

([9]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 2 000 tona méadrach (an méid tosaigh) a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (c) de mhír 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002. Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar an méadú bliantúil 10 % ar an gcainníocht thosaigh a leagtar amach i Roinn 1, mír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002 a dhíothú.

([10]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo beartaithe chun an méadú bliantúil ar mhéideanna a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 a léiriú, go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

([11]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 7 250 tona méadrach (an méid tosaigh) a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (d) de mhír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002. Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar an méadú bliantúil 10 % ar an gcainníocht thosaigh a leagtar amach i Roinn 1, mír 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002 a dhíothú.

([12]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo beartaithe chun an méadú bliantúil ar mhéideanna a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 a léiriú, go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

([13]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ0 150 tona méadrach a leagtar amach i Roinn 1, mír 5, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1604 14 21, 1604 14 26, 1604 14 28, 1604 14 31, 1604 14 36, 1604 14 38, 1604 14 41, 1604 14 46, 1604 14 48, 1604 19 31, 1604 19 39 agus 1604 20 70.

6. TRQ Uibheacha agus táirgí uibhe

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-EG' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 500 tona méadrach (coibhéis na huibhe sa bhlaosc) in ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 0407 11 00, 0407 19 11, 0407 19 19, 0407 21 00, 0407 29 10, 0407 90 10, 0408 11 80, 0408 19 81, 0408 19 89, 0408 91 80, 0408 99 80, 3502 11 90 agus 3502 19 90.

7. TRQ Gairleog

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-GC' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 2 000 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([14]).

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear i líne taraife 0703 20 00.

8. TRQ Stáirse agus díorthaigh stáirse

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-SH' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 300 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1108 11 00, 1108 12 00, 1108 13 00, 1108 14 00, 1108 19 10, 1108 19 90, 1109 00 00, 2905 43 00, 2905 44 11, 2905 44 19, 2905 44 91, 2905 44 99, 3505 10 10, 3505 10 90, 3824 60 11, 3824 60 19, 3824 60 91 agus 3824 60 99.

9. TRQ Ola olóige

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-OL' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 11 000 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1509 10 10, 1509 10 20, 1509 10 80, 1509 90 00, 1510 00 10 agus 1510 00 90.

10. TRQ Táirgí a bhfuil cion ard siúcra iontu

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-SR' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 1 000 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1702 30 10, 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 10, 1702 40 90, 1702 50 00, 1702 60 10, 1702 60 80, 1702 60 95, 1702 90 30, 1704 90 99, 1806 10 30, 1806 10 90, 1806 20 95, 1901 90 95, 1901 90 99, 2006 00 31, 2006 00 38, 2007 91 10, 2101 12 98, 2101 20 98, ex 2106 90 98 agus 3302 10 29.

I mbliana 0 go 6, beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1702 90 50, 1702 90 71, 1702 90 75, 1702 90 79, 1702 90 80, 1702 90 95, 2106 90 30, 2106 90 55 agus 2106 90 59.

([14]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 500 tona méadrach (an méid tosaigh) agus 30 tona méadrach, an méid tosaigh a cuireadh leis tar éis aontachas Phoblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach, a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (b) de mhír 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002. Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar an méadú bliantúil 5 % ar an gcainníocht thosaigh a leagtar amach i mír 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002 a dhíothú.

11. TRQ Gránaigh phróiseáilte

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas agus dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-PC' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([15]).

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (tonaí méadracha)
0	1 900
1	1 950
2	2 000

(b) Má thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm in 2022 nó níos déanaí, cuirfear méadú 50 tona méadrach leis an gcainníocht bhliantúil chomhiomlán a leagtar amach i bhfomhír (a) le haghaidh gach bliana féilire iomláine a imeoidh thart idir an 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir sa bhliain ina dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ([16]).

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear i gceannteideal taraife 1104.

(d) Cuirfear deireadh leis an TRQ seo de réir a chéile tar éis dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1.

12. TRQ Milseogra siúcra

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas agus dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-SRa' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([17]).

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (tonaí méadracha)
0 go 2	400

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1704 10 10, 1704 10 90, 1704 90 10, 1704 90 30, 1704 90 51, 1704 90 55, 1704 90 61, 1704 90 65, 1704 90 71, 1704 90 75 agus 1704 90 81.

(c) Cuirfear deireadh leis an TRQ seo de réir a chéile tar éis dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1.

13. TRQ Seacláid

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas agus dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-SRb' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([18]).

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (tonaí méadracha)
0 go 2	400

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1806 20 10, 1806 20 30, 1806 20 50, 1806 20 70, 1806 20 80, 1806 31 00, 1806 32 10, 1806 32 90, 1806 90 11, 1806 90 19, 1806 90 31, 1806 90 39, 1806 90 50, 1806 90 60, 1806 90 70 agus 1806 90 90.

(c) Cuirfear deireadh leis an TRQ sin de réir a chéile tar éis dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1.

([15]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 1 000 tona méadrach (an méid tosaigh) a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (c) de mhír 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

([16]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo beartaithe chun an méadú bliantúil ar mhéideanna a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 a léiriú, go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

([17]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 400 tona méadrach a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (a) de mhír 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

([18]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 400 tona méadrach a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (b) de mhír 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

14. TRQ brioscaí agus vaiféil milse

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas agus dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-BS' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE agus a liostaítear i bhfomhír (b), beidh siad saor ó dhleacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([19]).

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (tonaí méadracha)
0 go 2	500

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 1905 31 11, 1905 31 19, 1905 31 30, 1905 31 91, 1905 31 99, 1905 32 05, 1905 32 11, 1905 32 19, 1905 32 91, 1905 32 99 agus 1905 90 45.

(c) Cuirfear deireadh leis an TRQ seo de réir a chéile tar éis dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1.

15. TRQ Beacáin ullmhaithe

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna cainníochtaí bliantúla comhiomlána seo a leanas agus dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-MS' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (c) den mhír seo, beidh siad saor ó dhleacht ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ([20]).

Bliain	Cainníocht bhliantúil chomhiomlán (tonaí méadracha)
0	950
1	975
2	1 000
3	1 025
4	1 050
5	1 075
6	1 100

(b) Má thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm in 2022 nó níos déanaí, cuirfear méadú 25 tona méadrach leis an gcainníocht bhliantúil chomhiomlán a leagtar amach i bhfomhír (a) le haghaidh gach bliana féilire iomláine a imeoidh thart idir an 1 Eanáir 2021 agus an 1 Eanáir sa bhliain ina dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ([21]).

(c) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear in ítimí taraife 2003 10 20 agus 2003 10 30.

(d) Cuirfear deireadh leis an TRQ seo de réir a chéile tar éis dleachtanna custaim a dhíothú i gcomhréir le sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1.

16. TRQ Grán milis

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-SC' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 800 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2001 90 30, 2004 90 10 agus 2005 80 00.

([19]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 500 tona méadrach a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (c) de mhír 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

([20]) Tiocfaidh an TRQ seo in ionad an TRQ 500 tona méadrach (an méid tosaigh) a leagtar amach i Roinn 1, fomhír (d) de mhír 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú Comhlachais 2002.

([21]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo beartaithe chun an méadú bliantúil ar mhéideanna a leagtar amach i gComhaontú Comhlachais 2002 a léiriú, go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

17. TRQ Sú úll

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-AJ' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 2 000 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2009 79 11 agus 2009 79 91.

18. TRQ Ullmhóidí torthaí

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-FP' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 10 000 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2007 10 10, 2007 91 30, 2007 99 20, ex 2007 99 31, ex 2007 99 33, ex 2007 99 39, 2008 30 19 agus 2008 40 19.

19. TRQ Eatánól

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-EL' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 2 000 tona méadrach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2207 10 00 agus 2207 20 00.

20. TRQ Rum

(a) Maidir le hearraí tionscnaimh dá bhforáiltear in ítimí atá marcáilte leis an nodaireacht 'TRQ-RM' i sceideal um dhíothú taraifí an Pháirtí AE i bhFoscríbhinn 9-1 agus a liostaítear i bhfomhír (b) den mhír seo, beidh siad saor ó dheacht i gcainníocht bhliantúil chomhiomlán 500 heictilítear (coibhéis an alcóil íon) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

(b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le hearraí tionscnaimh a aicmítear sna hítimí taraife seo a leanas: 2208 40 11, 2208 40 39, 2208 40 51 agus 2208 40 99.

21. Maidir leis an TRQ a leagtar amach i mír 6, úsáidfear na fachtóirí tiontaithe seo a leanas chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis na huibhe sa bhlaosc:

Líne tharaife	Tuairisc ar an líne taraife (ar mhaithe le léiriúchán amháin)	Fachtóir tiontaithe
0407 11 00	Uibheacha toirchithe le haghaidh gortha, ó éanlaithe clóis	100 %
0407 19 11	Uibheacha toirchithe le haghaidh gortha, ó thurcaithe clóis nó ó ghéanna clóis	100 %
0407 19 19	Uibheacha éanlaithe clóis toirchithe le haghaidh gortha (seachas ó thurcaithe, géanna agus éanlaithe)	100 %
0407 21 00	Uibheacha úra éanlaithe clóis, sna blaoscanna, (seachas iad atá toirchithe le haghaidh gortha)	100 %
0407 29 10	Uibheacha úra éanlaithe clóis, sna blaoscanna (seachas ó éanlaithe, agus toirchithe le haghaidh gortha)	100 %
0407 90 10	Uibheacha éanlaithe clóis, sna blaoscanna, leasaithe nó cócaráilte	100 %
2. Tá feidhm ag mír 1, ar choinníoll, de bhua an aontais chustaim arna bhunú leis an gCinneadh i bhfoirm malartú litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Prionsacht Andóra, arna dhéanamh i Lucsamburg an 28 Meitheamh 1990, go gcuireann Prionsacht Andóra an chóir tharaife fhabhrach chéanna i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh na Sile agus a chuireann an Páirtí AE i bhfeidhm le táirgí den sórt sin.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Caibidil 10 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 den Dearbhú Comhpháirteach seo a shainiú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE POBLACHT SAN MAIRÍNE

1. Glacfaidh an tSile le táirgí de thionscnamh Phoblacht San Mairíne mar tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Chuid III den Chomhaontú seo.

2. De bhua an Chomhaontaithe maidir le Comhar agus Aontas Custaim idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht San Mairíne, den pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 16 Nollaig 1991, tá feidhm ag mír 1 ar choinníoll go gcuirfidh Poblacht San Mairíne an chóir fhabhrach taraife chéanna i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh na Sile agus a chuireann an Páirtí AE i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Caibidil 10 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 den Dearbhú Comhpháirteach seo a shainiú.

IARSCRÍBHINN 10-E

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. Agus Airteagal 10.17 á chur i bhfeidhm ag na Páirtithe, comhlíonfaidh siad na treoirlínte seo a leanas:

(a) i gcás ina n-áirítear táirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i sonrasc nó i ndoiciméad tráchtála eile, ba cheart na táirgí a shainaithint mar sin sna doiciméid sin, agus déanfar táirgí neamhthionscnaimh a shainaithint ar leithligh go soiléir. Níl aon bhealach socraithe ann chun na táirgí neamhthionscnaimh a shainaithint ar leithligh. Mar sin féin, d'fhéadfaí é a dhéanamh mar seo a leanas:

(i) a chur in iúl idir lúibíní taobh thiar de gach mír earraí ar an doiciméad tráchtála cé acu is táirgí tionscnaimh iad na táirgí nó nach ea;

(ii) dhá cheannteideal a úsáid ar an sonrasc, is iad sin táirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh, agus na táirgí a liostú faoin gceannteideal comhfhreagrach; nó

(iii) uimhir a chur le gach ceann de na táirgí a léiriú cé na huimhreacha a bhaineann le táirgí tionscnaimh agus cé acu a bhaineann le táirgí neamhthionscnaimh;

(b) ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingítear suas ar chúl an tsonraisc nó ar aon doiciméid tráchtála eile, beidh sé inghlactha;

(c) is féidir ráiteas maidir le tionscnamh a dhéanamh tríd an téacs a phriontáil, a scríobh de lámh nó a stampáil ar an sonrasc nó ar dhoiciméad tráchtála eile, lena n-áirítear fótachóip den doiciméad; ba cheart ainm agus seoladh iomlán an onnmhaireora agus an choinsíní a bheith ar an doiciméad mar aon le tuairisc mhionsonraithe ar na táirgí, lena féidir iad a aithint, agus an dáta a rinneadh a ráiteas maidir le tionscnamh, más éagsúil é le dáta an tsonraisc nó dáta doiciméid tráchtála eile; más féidir, ba cheart an t-aicmiú taraife a léiriú ar leibhéal ceannteidil a laghad (cód ceithre dhigit) faoin gCóras Comhchuibhithe ar an sonrasc nó ar an doiciméad tráchtála eile; ba cheart ollmhais, nó aonad tomhais eile amhail lítir nó m^3, de réir mar is iomchuí, na n-ábhar tionscnaimh uile a léiriú;

(d) is féidir ráiteas maidir le tionscnamh a dhéanamh amach ar leathanach páipéir ar leithligh, maille le ceann litreach nó gan é; má dhéantar amach é ar leathanach páipéir ar leithligh, déanfar an leathanach ina chuid den sonrasc nó den doiciméad tráchtála eile trí thagairt don leathanach sa sonrasc nó sa doiciméad tráchtála eile;

(e) má bhíonn roinnt leathanach sa sonrasc nó sa doiciméad tráchtála eile, ba cheart uimhir a bheith ag gabháil le gach ceann acu agus ba cheart an líon leathanach a lua; ar leathanach ar leithligh ar a bhfuil an ráiteas maidir le tionscnamh is féidir tagairt a dhéanamh don sonrasc nó don doiciméad tráchtála eile;

(f) is féidir an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar lipéad atá greamaithe ar an sonrasc nó ar dhoiciméad tráchtála eile go buan, ar choinníoll nach bhfuil aon amhras ann gur ghreamaigh an t-onnmhaireoir an lipéad;

(g) ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cé nach go ndéanfaidh an t-onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh amach agus go mbeidh an t-onnmhaireoir freagrach as mionsonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an táirge tionscnaimh a shainaithint, ní aon cheanglas ann i ndáil le céannacht ná le háit bhunaithe an duine a chomhlánóidh an sonrasc nó aon doiciméad tráchtála eile, ar choinníoll gur féidir an t-onnmhaireoir a shainaithint go soiléir leis an doiciméad sin.

(h) mura féidir leis an onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar an sonrasc ná ar an doiciméad tráchtála eile, féadfar sonrasc nó doiciméad tráchtála eile de chuid tríú tír a úsáid, mar shampla i gcás ina roinntear coinsíneacht táirgí tionscnaimh i dtríú tír faoi choinníollacha Airteagal 10.14;

(i) is éard is féidir a bheith sa doiciméid tráchtála eile, mar shampla, nóta seachadta tionlacain, sonrasc *pro-forma* nó liosta pacála.

2. Agus Airteagal 10.18 á chur i bhfeidhm, ní dhiúltóidh na Páirtithe d'éileamh ar chóir fhabhrach taraife ar bhonn neamhréireachtaí idir an ráiteas maidir le tionscnamh agus na doiciméid a cuireadh faoi bhráid na hoifige custaim, ná ar bhonn mionearráidí sa ráiteas maidir le tionscnamh, neamhréireachtaí nach n-ardaíonn amhras maidir le cruinneas na faisnéise atá sa doiciméadacht allmhairiúcháin agus nach ndéanann difear do stádas tionscnaimh na dtáirgí; féadfaidh an méid seo a leanas a áireamh sna neamhréireachtaí nó sna mionearráidí sin:

(a) earráidí cló sa tuairisc ar an táirge, in ainm nó seoladh an onnmhaireora nó an choinsíní, nó in uimhir an doiciméid tráchtála;

(b) earráidí i bhfaisnéis bhreise maidir leis an onnmhaireoir nó leis an gcoinsíní, amhail an uimhir theileafóin, an cód poist nó an seoladh ríomhphoist;

(c) tagairt mhícheart don aicmiú taraife, ach amháin má dhéanann sé difear do stádas tionscnaimh nó do chóir fhabhrach taraife an táirge.

3. Mar sin féin, féadfar éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhiúltú ar bhonn na n-earráidí seo a leanas sa ráiteas maidir le tionscnamh:

(a) uimhir thagartha onnmhaireora mhícheart; agus

(b) tuairisc mhíchruinn ar an táirge nó ar an aicmiú taraife a dhéanann difear dá stádas tionscnaimh nó dá chóir fhabhrach taraife.

IARSCRÍBHINN 13-A

ÚDARÁIS INNIÚLA

1. I gcás an Pháirtí AE, maidir lena údaráis inniúla, comhroinntear rialú i réimse na gcúrsaí sláintíochta agus fíteashláintíochta idir údaráis ábhartha na mBallstát agus an Coimisiún Eorpach. Maidir leis sin, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann le honnmhairí chun na Sile, beidh údarás ábhartha na mBallstát freagrach as rialú a dhéanamh ar na himthosca agus na riachtanais táirgthe, lena n-áirítear iniúchtaí, agus maidir le heisiúint deimhnithe sláinte, lena n-áirítear leas ainmhithe, lena bhfianaítear na bearta agus na ceanglais arna gcomhaontú;

(b) a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón tSile, tá údarás ábhartha na mBallstát freagrach as rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh allmhairithe le coinníollacha allmhairiúcháin an PháirtíAE; agus

(c) tá an Coimisiún Eorpach freagrach as comhordú foriomlán, cigireacht, iniúchtaí ar chórais cigireacht agus na bearta reachtacha is gá chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach caighdeán agus ceanglas laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

2. I gcás na Sile, is í an Aireacht Talmhaíochta, tríd an *Servicio Agrícola y Ganadero*, an t-údarás inniúil chun na ceanglais go léir a riaradh, a bhaineann leis an méid a leanas:

(a) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú ainmhithe talún, táirgí ainmhithe talún, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta;

(b) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta arna nglacadh chun an baol go dtiocfadh galair ainmhithe talún agus lotnaidí plandaí isteach sa tSile a laghdú agus chun díothú nó leathadh na ngalar sin a rialú; agus

(c) deimhnithe sláintíochta agus fíteashláintíochta a eisiúint le haghaidh táirgí ainmhithe agus plandaí talún.

3. Is í Aireacht Sláinte na Sile an t-údarás inniúil chun sábháilteacht bia a rialú ar gach bia, cibé acu bia a tháirgtear ar bhonn intíre nó a allmhairítear, bia atá ceaptha lena chaitheamh ag an duine, agus chun deimhniú sábháilteachta bia a dhéanamh ar tháirgí cothaitheacha atá le honnmhairiú, seachas táirgí uisceacha.

4. Is é *Servicio Nacional de Pesca y Acuicultura* ó Aireacht Geilleagair na Sile an t-údarás inniúil chun sábháilteacht bia táirgí uisceacha a rialú lena n-onnmhairiú agus chun na deimhnithe oifigiúla comhfhreagracha a eisiúint. Tá sé freagrach freisin as sláinte ainmhithe uisceacha a chosaint, ainmhithe uisceacha a dheimhniú lena n-onnmhairiú, agus as allmhairí ainmhithe uisceacha, baoite agus bia a úsáidtear sa dobharshaothrú a rialú.

IARSCRÍBHINN 13-B

LIOSTA DE GHALAIR AINMHITHE AGUS LOTNAIDÍ, FAOI RÉIR FÓGRA, A BHFÉADFAR SAOIRSE RÉIGIÚNACH A AITHINT INA LEITH

Foscríbhinn 13-B-1

GALAIR AINMHITHE TALÚN AGUS UISCEACHA ATÁ FAOI RÉIR FÓGRA, A n-AITHNÍTEAR STÁDAS PÁIRTÍ INA LEITH AGUS A bhFÉADFAR CINNTÍ RÉIGIÚNAITHE A DHÉANAMH INA LEITH

Gach ceann de na galair ainmhithe a liostaítear sa leagan is déanaí de liosta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ('WOAH'), a áirítear sa Chód Idirnáisiúnta um Shláinte Ainmhithe maidir le hainmhithe talún agus uisceacha.

Foscríbhinn 13-B-2

LOTNAIDÍ ATÁ FAOI RÉIR FÓGRA, A N-AITHNÍTEAR STÁDAS PÁIRTÍ INA LEITH AGUS A bhFÉADFAR CINNTÍ RÉIGIÚNAITHE A DHÉANAMH INA LEITH

1. Le haghaidh an Pháirtí AE:

(a) lotnaidí nach eol iad a bheith ann in aon chuid den Aontas Eorpach agus atá ábhartha don Pháirtí AE ar fad, nó do chuid de, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([1]);

(b) lotnaidí arb eol iad a bheith san Aontas Eorpach agus atá ábhartha don Pháirtí AE ar fad, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072; agus

(c) lotnaidí arb eol iad a bheith san Aontas Eorpach agus a mbunaítear limistéir saor ó lotnaidí nó criosanna cosanta ina leith, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

2. Le haghaidh na Sile:

(a) lotnaidí nach eol iad a bheith in aon chuid den tSile, mar a liostaítear in Airteagal 20 de Rún Nº 3080/2003 ó *Servicio Agrícola y Ganadero* ([2]);

(b) lotnaidí arb eol iad a bheith sa tSile agus faoi rialú oifigiúil, mar a liostaítear in Airteagal 21 de Rún Nº 3080/2003 ó *Servicio Agrícola y Ganadero*; agus

(c) lotnaid arb eol í a bheith sa tSile, faoi rialú oifigiúil agus a bhfuil limistéir saor ó lotnaidí bunaithe ina leith, mar a liostaítear in Airteagail 6 agus 7 de Rún Uimh. 3080/2003 ó *Servicio Agrícola y Ganadero*.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([2]) *Resolución Uimh. 3080 Exenta del Servicio Agrícola y Ganadero, a establece criterios de regionalización enlación a las Plagas cuarentenarias para el territorio de Chile* (*Diario Oficial 7 de noviembre de 2003*) (Réiteach Nº 3080 Díolmhaithe ó *Servicio Agrícola y Ganadero*, lena mbunaítear critéir don réigiúnú i ndáil leis na lotnaidí coraintín do chríoch na Sile (*Iris Oifigiúil* an 7 Samhain 2003)).

IARSCRÍBHINN 13-C

RÉIGIÚNÚ AGUS CRIOSÚ

1. Bunús le haghaidh aitheantas a thabhairt do chinntí stádais agus réigiúnaithe maidir le galair ainmhithe talún agus uisceacha:

(a) galair ainmhithe:

(i) is é an bunús a bheidh le haitheantas a thabhairt do stádas Páirtí nó réigiúin de chuid Páirtí maidir le galar ainmhithe 'Aithint stádais tíre nó creasa a bheith saor ó ghalair nó ó ionfhabhtú agus córais faireachais eipidéimeolaíochta' de chuid Chód Idirnáisiúnta um Shláinte Ainmhithe WOAH; agus

(ii) is é 'Criosú agus réigiúnú' Chód Idirnáisiúnta um Shláinte Ainmhithe WOAH an bunús a bheidh le haitheantas a thabhairt do chinntí réigiúnaithe maidir le galar ainmhithe; agus

(b) galair ainmhithe uisceacha: is é Cód Idirnáisiúnta um Shláinte Uiscí WOAH an bunús a bheidh le haitheantas a thabhairt do chinntí réigiúnaithe maidir le galair dobharshaothraithe.

2. Comhlíonfaidh na critéir chun réigiún a bhunú atá saor ó lotnaidí áirithe, de bhun Airteagal 13.7(2), an méid seo a leanas:

(a) Caighdeán 4 Idirnáisiúnta Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) maidir le Bearta Fíteashláintíochta 'Ceanglais chun limistéir saor ó lotnaidí a bhunú' agus na sainmhínithe ábhartha ar Chaighdeán Idirnáisiúnta 5 FAO do Bhearta Fíteashláintíochta 'Gluais téarmaí fíteashláintíochta'; nó

(b) Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

3. Critéir maidir le stádas speisialta críche nó réigiúin de chuid Páirtí a aithint i ndáil le galar sonrach ainmhithe:

(a) i gcás ina measfaidh an Páirtí is allmhaireoir go bhfuil a chríoch nó cuid dá chríoch saor ó ghalar ainmhithe seachas na galair sin a liostaítear sa leagan is déanaí de liosta WOAH, cuirfidh sé doiciméadacht tacaíochta iomchuí faoi bhráid an Pháirtí is onnmhaireoir ina leagfar amach, go háirithe, na critéir seo a leanas:

(i) cineál an ghalair agus stair an ghalair ina chríoch;

(ii) torthaí na tástála faireachais bunaithe ar imscrúdú séireolaíoch, micribhitheolaíoch, paiteolaíoch nó eipidéimeolaíoch agus ar an bhfíric nach mór fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoin ngalar;

(iii) an tréimhse a ndearnadh an faireachas lena linn;

(iv) i gcás inarb infheidhme, an tréimhse ar lena linn go raibh toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh an ghalair agus an limistéar tíreolaíoch lena mbaineann; agus

(v) na socruithe atá ann chun a fhíorú nach ann don ghalar;

(b) má éilíonn an Páirtí is allmhaireoir ráthaíochtaí breise, ráthaíochtaí ginearálta nó sonracha, de bhun fhomhír (c) d'Airteagal 13.6(1) ní rachaidh na ráthaíochtaí sin thar na ráthaíochtaí a chuireann an Páirtí is allmhaireoir chun feidhme; agus

(c) tabharfaidh Páirtí amháin fógra don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na critéir dá sonraítear i bhfomhír (a) den mhír seo a bhaineann leis an ngalar; maidir le haon ráthaíocht bhreise atá bunaithe ag an bPáirtí is allmhaireoir i gcomhréir le fomhír (b) den mhír seo, féadfar iad a leasú nó a tharraingt siar tar éis an fhógra sin.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO AE L 317, 23.11.2016, lch. 4).

IARSCRÍBHINN 13-D

COINNÍOLLACHA AGUS NÓS IMEACHTA MAIDIR LE FORMHEAS BUNAÍOCHTAÍ D'ALLMHAIRÍ AINMHITHE, TÁIRGÍ AINMHITHE, TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH AGUS SEACHTHÁIRGÍ AINMHITHE

1. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a cheangal go ndéanfar bunaíochtaí an Pháirtí is onnmhaireoir a fhormheas chun ainmhithe, táirgí ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a allmhairiú.

2. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir bunaíochtaí an Pháirtí is onnmhaireoir a fhormheas ar bhonn ráthaíochtaí iomchuí arna gcur ar fáil ag an bPáirtí is onnmhaireoir gan fíorú roimh ré ag an bPáirtí is allmhaireoir ar na bunaíochtaí aonair.

3. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an nós imeachta maidir le formheas i bhfeidhm maidir le gach catagóir bunaíochtaí ainmhithe, táirgí ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe.

4. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir liostaí a tharraingt suas de bhunaíochtaí formheasta agus cuirfidh sé na liostaí sin ar fáil don phobal. Déanfaidh an Páirtí allmhairiúcháin na liostaí sin a mhodhnú nó a chomhlánú chun iarratais agus ráthaíochtaí nua a fuarthas a chur san áireamh.

5. Tá an formheas faoi réir na gcoinníollacha agus an nós imeachta seo a leanas:

(a) gur údaraigh an Páirtí is allmhaireoir allmhairiú an táirge ó ainmhí lena mbaineann ón bPáirtí is onnmhaireoir agus gur bunaíodh na coinníollacha allmhairiúcháin agus na ceanglais deimhniúcháin ábhartha le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann;

(b) gur thug údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir ráthaíochtaí sásúla don Pháirtí is allmhaireoir go gcomhlíonann na bunaíochtaí atá ar a liosta nó ar a liostaí ceanglais sláinte ábhartha an Pháirtí is allmhaireoir, agus gur fhormheas sé go hoifigiúil na bunaíochtaí atá ar na liostaí lena n-onnmhairiú chuig an bPáirtí is allmhaireoir;

(c) i gcás neamhchomhlíonadh ráthaíochtaí a thug an t-údaráis inniúil ráthaíocht i leith bunaíochta, go dtugtar de chumhacht don údaráis inniúil gníomhaíochtaí maidir le honnmhairiú ón mbunaíocht chuig an bPáirtí is allmhaireoir a chur ar fionraí; agus

(d) féadfaidh fíorú arna dhéanamh ag an bPáirtí is allmhaireoir, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 13.11, a bheith mar chuid den nós imeachta formheasa agus féadfaidh baint a bheith aige leis an méid seo a leanas:

(i) struchtúr agus eagrú an údaráis inniúil atá freagrach as an mbunaíocht a fhormheas, chomh maith le cumhachtú an údaráis inniúil sin agus na ráthaíochtaí is féidir leis a sholáthar maidir le cur chun feidhme rialacha an Pháirtí is allmhaireoir;

(ii) cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar líon ionadaíoch bunaíochtaí atá ar an liosta nó ar na liostaí a chuir an Páirtí is onnmhaireoir ar fáil; nó

(iii) sa Pháirtí AE, Ballstáit aonaracha.

6. Bunaithe ar thorthaí an fhíoraithe dá bhforáiltear i bhfomhír (d) de mhír 5, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir liosta na mbunaíochtaí atá ann cheana a leasú.

IARSCRÍBHINN 13-E

PRÓISEAS CHUN COIBHÉIS A CHINNEADH

1. Tá feidhm ag na prionsabail seo a leanas chun coibhéis a chinneadh:

(a) is féidir leis na Páirtithe coibhéis a chinneadh maidir le beart aonair nó grúpa beart nó córas a bhaineann le hainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta;

(b) ní bheidh an breithniú ar chinneadh coibhéise ina chúis le cur isteach ar thrádáil in ainmhithe, na táirgí ainmhithe, na plandaí, na táirgí plandaí ná na táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta nó lena gcur ar fionraí;

(c) is próiseas idirghníomhach idir an Páirtí is onnmhaireoir agus an Páirtí is allmhaireoir é coibhéis beart a chinneadh, próiseas arb é atá ann léiriú oibiachtúil ar choibhéis beart aonair ag an bPáirtí is onnmhaireoir agus measúnú oibiachtúil ar an léiriú sin d'fhonn go bhféadfadh an Páirtí is allmhaireoir coibhéis a aithint; agus

(d) is faoin bPáirtí is allmhaireoir amháin atá sé aitheantas deiridh a thabhairt do choibhéis bhearta ábhartha an Pháirtí is onnmhaireoir.

2. Tá feidhm ag na réamhchoinníollacha seo a leanas maidir le tionscnamh an phróisis chun coibhéis a chinneadh:

(a) ní dhéanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir an próiseas chun coibhéis a chinneadh a thionscnamh murar thug an Páirtí is allmhaireoir údarú d'allmhairiú na n-ainmhithe. na dtáirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a cumhdaítear le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta a bhfuil coibhéis á lorg ina leith; braitheann an t-údarú ar shláinte nó ar stádas lotnaidí, ar dhlíthe agus rialacháin agus ar éifeachtacht an chórais cigireachta agus rialaithe a bhaineann le hainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta sa Pháirtí is onnmhaireoir; cuirfear san áireamh na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme maidir leis an earnáil lena mbaineann, chomh maith le struchtúr údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir, a shlabhra ceannais, a chumhachtaí, a nósanna imeachta agus a acmhainní oibríochtúla, agus feidhmíocht na n-údarás inniúil maidir le córais cigireachta agus rialaithe, lena n-áirítear a leibhéal forfheidhmiúcháin a bhaineann leis na hainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta agus rialtacht agus luas na faisnéise arna tabhairt chuig an bPáirtí is allmhaireoir i gcás guaiseacha sainaitheanta; féadfar doiciméadacht, físiú, agus taithí dhoiciméadaithe níos luaithe a chur leis an bpróiseas chun coibhéis a chinneadh;

(b) tionscnóidh na Páirtithe an próiseas chun coibhéis a chinneadh i gcomhréir leis na tosaíochtaí a bhunaítear i bhFoscríbhinn 13-E-1; agus

(c) ní chuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir tús leis an bpróiseas ach amháin mura mbeidh feidhm ag aon bhearta coimirce arna bhforchur ag an bPáirtí is allmhaireoir maidir leis na hainmhithe, na táirgí ainmhithe, na plandaí, na táirgí plandaí agus na táirgí eile a chumhdaítear leis na bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta lena mbaineann.

3. Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir leis an bpróiseas chun coibhéis a chinneadh:

(a) cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir iarraidh faoi bhráid an Pháirtí is allmhaireoir ar aitheantas a thabhairt do choibhéis birt aonair nó grúpa beart nó córas is infheidhme maidir le hainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta;

(b) déanfar an méid seo a leanas san iarraidh ón bPáirtí is onnmhaireoir:

(i) míniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le trádáil in ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear leis na bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta a n-iarrtar aitheantas coibhéise ina leith;

(ii) na bearta go léir a shainaithint arb éard iad na coinníollacha allmhairiúcháin is infheidhme maidir leis na hainmhithe,, táirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta nó fíteashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir ar féidir leis an bPáirtí is onnmhaireoir iad a chomhlíonadh; agus

(iii) na bearta go léir a shainaithint na coinníollacha allmhairiúcháin is infheidhme maidir le hainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta nó físeashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir, a bhfuil coibhéis á lorg ag an bPáirtí is onnmhaireoir ina leith;

(c) léireoidh an Páirtí is onnmhaireoir go hoibiachtúil don Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir le mír 4, go bhfuil an beart a shainaithin sé coibhéiseach leis na coinníollacha allmhairiúcháin don tráchtearra sin;

(d) déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú oibiachtúil, i gcomhréir le mír 4, ar léiriú coibhéise ón bPáirtí is onnmhaireoir;

(e) déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir a chinneadh ar baineadh coibhéis amach nó nár baineadh; agus

(f) cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir míniú iomlán agus sonraí tacaíochta ar fáil don Pháirtí is onnmhaireoir maidir lena chinn sé agus maidir lena chinneadh arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir.

4. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le léiriú coibhéise ag an bPáirtí is onnmhaireoir agus maidir leis an measúnú a dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir:

(a) léireoidh an Páirtí is onnmhaireoir go hoibiachtúil coibhéis do bheart an Pháirtí is allmhaireoir a shainaithnítear de bhun fhomhír (b)(ii) de mhír 3; más iomchuí, léireofar coibhéis go hoibiachtúil le haghaidh aon phlean nó clár a éileoidh an Páirtí is allmhaireoir mar choinníoll chun an t-allmhairiú a cheadú, mar shampla, plean iarmhair; agus

(b) déanfaidh na Páirtithe, a mhéid is féidir, an léiriú agus an measúnú oibiachtúil a bhunú ar na nithe seo a leanas:

(i) caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta;

(ii) caighdeáin atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch chuí;

(iii) measúnú riosca;

(iv) taithí oibiachtúil dhoiciméadaithe níos luaithe;

(v) stádas dlíthiúil nó leibhéal stádas riaracháin na mbeart; nó

(vi) leibhéal an chur chun feidhme agus an fhorfheidhmithe a bheidh bunaithe ar na nithe seo a leanas go háirithe:

(A) torthaí na gclár faireachais agus faireacháin;

(B) torthaí an fhíoraithe a rinne an Páirtí is onnmhaireoir;

(C) torthaí anailíse le modhanna anailíse aitheanta;

(D) torthaí na seiceálacha físoraithe agus allmhairithe a rinne an Páirtí is allmhaireoir;

(E) feidhmíocht údaráis inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir; agus

(F) taithí níos luaithe.

5. Más rud é, tar éis measúnú a dhéanamh ar an léiriú coibhéise, go gcinnfidh an Páirtí is allmhaireoir nár baineadh coibhéis amach, cuirfidh sé míniú ar fáil don Pháirtí is onnmhaireoir.

Foscríbhinn 13-E-1

EARNÁLACHA NÓ FO-EARNÁLACHA TOSAÍOCHTA A bhFÉADFAR COIBHÉIS A AITHINT INA LEITH

Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh go leasaíonn an Chomhairle Chomhpháirteach an Fhoscríbhinn seo de bhun Airteagal 13.8(5).

IARSCRÍBHINN 13-F

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE FÍORUITHE A DHÉANAMH

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'iniúchaí' an Páirtí atá faoi réir an fhíoraithe; agus

(b) ciallaíonn 'iniúchóir' an Páirtí a dhéanann an fíorú.

2. Tá feidhm ag na prionsabail ghinearálta seo a leanas maidir le fíoruithe:

(a) féadfaidh Páirtí fíoruithe a dhéanamh ar bhonn iniúchtaí nó seiceálacha ar an láthair;

(b) déanfar fíoruithe i gcomhar idir an t-iniúchóir agus an t-iniúchaí i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo;

(c) ceapfaidh an t-iniúchóir na fíoruithe chun éifeachtacht rialuithe an iniúchaí a sheiceáil seachas diúltú d'ainmhithe aonair, grúpaí ainmhithe, coinsíneachtaí bunaíochtaí bia nó míreanna aonair plandaí nó táirgí plandaí;

(d) i gcás ina nochtar le fíorú go bhfuil riosca tromchúiseach ann do shláinte an duine, na n-ainmhithe nó na bplandaí, déanfaidh an t-iniúchaí gníomhaíocht cheartaitheach láithreach;

(e) féadfar a áireamh san fhíorú staidéar ar na rialacháin ábhartha, modh cur chun feidhme, measúnú ar an toradh, leibhéal comhlíonta agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha ina dhiaidh sin;

(f) bunóidh Páirtí minicíocht na bhfíoruithe ar fheidhmíocht; is é an toradh a bheidh ar leibhéal íseal feidhmíochta go mbeidh méadú ar mhinicíocht na bhfíoruithe; ceartóidh an t-iniúchaí feidhmíocht mhíshásúil chun sástacht an iniúchóra; agus

(g) déanfaidh Páirtí fíoruithe, agus na cinntí atá bunaithe orthu, ar bhealach trédhearcach comhsheasmhach.

3. Ullmhóid an t-iniúchóir plean, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta más féidir, lena gcumhdaítear na heilimintí seo a leanas:

(a) ábhar agus raon feidhme an fhíoraithe;

(b) dáta agus áit an fhíoraithe, mar aon le tráthchlár suas go dtí eisiúint na tuarascála críochnaithí agus sin san áireamh;

(c) an teanga nó na teangacha ina ndéanfar an fíorú agus ina scríobhfar an tuarascáil:

(d) céannacht an iniúchóra nó na n-iniúchóirí, lena n-áirítear an ceannaire má úsáidtear cur chuige foirne; d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sainscileanna gairmiúla iniúchóirí chun fíorú a dhéanamh ar shainchórais agus sainchláir;

(e) sceideal cruinnithe le hoifigigh agus cuairteanna ar bhunaíochtaí nó ar shaoráidí, de réir mar is iomchuí; ní gá don iniúchóir céannacht na mbunaíochtaí nó na saoráidí a bhfuil cuairt le tabhairt orthu a lua roimh ré;

(f) urramóidh an t-iniúchóir rúndacht tráchtála, faoi réir forálacha maidir le saoráil faisnéise, agus seachnóidh sé aon choinbhleacht leasa; agus

(g) urramóidh an t-iniúchóir na rialacha lena rialaítear sláinte agus sábháilteacht cheirde agus cearta an oibreora; tabharfaidh an t-iniúchóir deis d'ionadaithe an iniúchaí athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean roimh ré.

4. Tá feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an iniúchaí, chun fíorú a éascú:

(a) comhoibreoidh an t-iniúchaí go hiomlán leis an iniúchóir agus ainmneoidh sé pearsanra a bheidh freagrach as an gcomhar sin; d'fhéadfaí a áireamh leis an gcomhar sin, *inter alia*, an méid a leanas a éascú:

(i) rochtain ar na rialacháin agus na caighdeáin ábhartha uile, ar na cláir chomhlíontachta uile, agus ar na taifid agus na doiciméid iomchuí uile;

(ii) rochtain ar thuarascálacha iniúchóireachta agus cigireachta;

(iii) rochtain ar dhoiciméadacht a bhaineann le gníomhartha ceartaitheacha agus smachtbhannaí; agus

(iv) dul isteach i mbunaíochtaí; agus

(b) oibreoidh an t-iniúchaí clár doiciméadaithe chun a léiriú don iniúchóir go bhfuil caighdeáin á gcomhlíonadh ar bhonn comhsheasmhach aonfhoirmeach.

5. Tá feidhm ag na nósanna imeachta agus prionsabail seo a leanas maidir le fíoruithe:

(a) tionólfaidh ionadaithe na bPáirtithe cruinniú tosaigh ag a ndéanfaidh an t-iniúchóir an plean fíorúcháin a athbhreithniú agus deimhneoidh siad go bhfuil acmhainní agus doiciméadacht leordhóthanach, agus aon saoráid eile is gá ar fáil chun an fíorú a dhéanamh;

(b) féadfaidh athbhreithniú ar na nithe seo a leanas a bheith i gceist le hathbhreithniú ar dhoiciméad:

(i) na doiciméid agus na taifid dá dtagraítear i bhfomhír (a);

(ii) struchtúr agus cumhachtaí an iniúchaí;

(iii) aon athrú ábhartha a dhéanfar ar na córais iniúchóireachta agus deimhniúcháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó tar éis an fhíoraithe roimhe sin;

(iv) cur chun feidhme an chórais cigireachta agus deimhniúcháin d'ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí nó táirgí planda; agus

(v) taifid agus doiciméid ábhartha iniúchóireachta agus deimhniúcháin;

(c) tá feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le seiceálacha ar an láthair:

(i) beidh cinneadh maidir le seiceálacha ar an láthair a chur san áireamh bunaithe ar mheasúnú riosca, ag cur san áireamh tosca amhail na hainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí nó táirgí plandaí lena mbaineann, stair chomhréireachta na gceanglas de réir na hearnála tionscail nó na tíre is onnmhaireoir, méid an táirgthe agus an táirgeadh allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin, athruithe ar bhonneagar agus ar na córais náisiúnta cigireachta agus deimhniúcháin; agus

(ii) féadfar a áireamh sna seiceálacha ar an láthair cuairteanna ar shaoráidí táirgthe agus monaraíochta, limistéir láimhseála nó stórála bia agus saotharlanna rialaithe chun comhlíonadh na faisnéise atá sa doiciméadacht dá dtagraítear i bhfomhír (a) a sheiceáil; agus

(d) má dhéantar fíorú leantach chun ceartú easnamh a fhíorú, d'fhéadfadh sé gur leor gan a fhíorú ach na pointí sin a bhfuarthas amach go raibh gá le ceartú ina leith.

6. Déanfaidh na Páirtithe, a mhéid is féidir, caighdeánú ar fhoirmeacha chun torthaí agus conclúidí iniúchóireachta a thuairisciú chun fíorú níos aonfhoirmí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach. D'fhéadfadh seicliosta eilimintí le fíorú a bheith sna doiciméid oibre, lena bhféadfaí na nithe seo a leanas a chumhdach:

(a) reachtaíocht;

(b) struchtúr agus oibríochtaí seirbhísí cigireachta agus deimhniúcháin;

(c) mionsonraí agus nósanna imeachta oibre, staidreamh sláinte, pleananna samplála agus torthaí maidir leis an mbunaíocht;

(d) gníomhaíocht agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh;

(e) nósanna imeachta tuairiscithe agus gearáin; agus

(f) cláir oiliúna.

7. Beidh cruinniú deiridh ag ionadaithe na bPáirtithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na hoifigigh atá freagrach as cláir náisiúnta iniúchóireachta agus deimhniúcháin. Ag an gcruinniú sin, cuirfidh an t-iniúchóir cinntí an fhíoraithe i láthair ar bhealach soiléir agus beacht, ionas go dtuigfidh an t-iniúchóir conclúidí na hiniúchóireachta go soiléir. Déanfaidh an t-iniúchaí plean gníomhaíochta a tharraingt suas chun aon easnamh a tugadh faoi deara a cheartú, agus b'fhearr spriocdhátaí a bheith ag gabháil leis a bheidh le cur i gcrích.

8. Déanfar dréacht-tuarascáil fíorúcháin a chur ar aghaidh chuig an iniúchaí, laistigh de 20 lá oibre, agus beidh 25 lá oibre aige chun a bharúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil. Beidh barúlacha a thabharfaidh an t-iniúchaí i gceangal leis an tuarascáil chríochnaitheach agus, i gcás inarb iomchuí, áireofar sa tuarascáil deiridh iad. Mar sin féin, i gcás inar sainaithníodh riosca suntasach do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí le linn an fhíoraithe, cuirfear an t-iniúchaí ar an eolas chomh tapa agus is féidir, agus in aon chás laistigh de 10 lá oibre ó dheireadh an fhíoraithe.

IARSCRÍBHINN 13-G

SEICEÁLACHA ALLMHAIRÍ AGUS TÁILLÍ INIÚCHTA

1. Tá feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le seiceálacha allmhairí:

(a) is éard atá i seiceálacha allmhairí seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha;

(b) maidir le hainmhithe agus táirgí ainmhithe, beidh na seiceálacha fisiceacha agus an ráta minicíochta bunaithe ar an riosca a bhaineann le hallmhairí den sórt sin;

(c) agus na seiceálacha á ndéanamh ag an bPáirtí is allmhaireoir chun críoch sláinte plandaí, áiritheoidh sé go ndéanfar iniúchadh cúramach ar na plandaí, ar na táirgí plandaí agus ar na hearraí eile agus ar a bpacáistiú ar bhonn oifigiúil, ina n-iomláine nó trí bhíthin sampla ionadaíoch, agus, más gá, go ndéanfar iniúchadh go mion ar na feithiclí a iompraíonn iad chun a áirithiú nach bhfuil siad, a mhéid is féidir a chinneadh, éillithe ag lotnaidí; agus

(d) i gcás ina nochtfar leis na seiceálacha nach gcomhlíontar na caighdeáin ná na ceanglais ábhartha, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir bearta oifigiúla a bheidh comhréireach leis an riosca a shainaithneofar; aon uair is féidir, tabharfar rochtain don allmhaireoir nó dá ionadaí ar an gcoinsíneacht agus tabharfar an deis aon fhaisnéis ábhartha a thabhairt chun cuidiú leis an bPáirtí is allmhaireoir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an gcoinsíneacht; ba cheart an cinneadh sin a bheith comhréireach leis an riosca lena mbaineann.

2. Tá feidhm ag na rátaí minicíochta seo a leanas maidir le seiceálacha fisiceacha:

(a) maidir le hainmhithe agus táirgí ainmhí:

(i) maidir le hallmhairí isteach sa Pháirtí AE:

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
1. Seiceálacha doiciméadacha	100 %
2. Seiceálacha sainaitheantais	100 %
3. Seiceálacha fisiceacha	
Ainmhithe beo	100 %
Táirgí Chatagóir I — Feoil úr lena n-áirítear scairteach, agus táirgí den speiceas buaibheach, den speiceas caorach, den speiceas gabhair, den speiceas mucúil agus den speiceas eachaí a sainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) — Táirgí éisc i gcoimeádáin atá séalaithe go heirméiteach atá ceaptha chun go mbeidh siad leasaithe ag teochtaí comhthimpeallacha, iasc úr agus reoite agus táirgí iascaigh tirime agus/nó saillte — Uibheacha iomlána — Blonag agus saill leáite — Cásálacha ainmhithe — Uibheacha goir	20 %

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO AE L 139, 30.4.2004, lch. 55).

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
Táirgí Chatagóir II — Feoil éanlaithe agus táirgí feola éanlaithe — Feoil coinín, géimfheoil (fiáin/saothraithe) agus táirgí díobh — Bainne agus táirgí bainne le caitheamh ag an duine — Táirgí uibhe — Próitéin ainmhithe próiseáilte le caitheamh ag an duine — – Táirgí iascaigh eile seachas iad siúd a luaitear faoi 20 % — Moilisc dhébhlaoscacha — Mil	50 %
Táirgí Chatagóir III — Seamhan — Suthanna — Aoileach — Bainne agus táirgí bainne (nach bhfuil le caitheamh ag an duine) — Geilitín — Cosa froganna agus seilidí — Cnámha agus táirgí cnámh — Seithí agus craicne — Guairí, olann, gruaig agus cleití — Adharca, táirgí adharc, crúba agus táirgí crúba — Táirgí beachadóireachta — Trofaithe géim — Bia peataí próiseáilte — Amhábhar chun bia peataí a mhonarú — Amhábhar, fuil, táirgí fola, faireoga agus orgáin le haghaidh úsáid chógaisíochta nó theicniúil — Féar tirim agus tuí — Pataiginí — Próitéin ainmhíoch phróiseáilte (phacáistithe)	íosmhéid 1 % uasmhéid 10 %
Próitéiní ainmhithe próiseáilte nach bhfuil ceaptha le caitheamh ag an duine (i mbulc)	100 % le haghaidh na chéad sé choinsíneacht (Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún) [1], ansin 20 %

[1] Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO AE L 54, 26.2.2011, lch. 1).

(ii) le haghaidh allmhairí isteach sa tSíle:

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
1. Seiceálacha doiciméadacha	100 %
2. Seiceálacha sainaitheantais	100 %
3. Seiceálacha fisiceacha	
4. Ainmhithe beo	100 %
Táirgí Chatagóir 1 — Feoil úr bhuaibheach	50 %
(Tar éis seiceáil fhisiceach maille le toradh = an chéad 10 lastas eile).	100 %
Táirgí Chatagóir 2 — Feoil úr ó éanlaith chlóis, aoirigh, gabhair, muca, eachaí agus speicis fhiáine — Feoil reiptíle agus amfaibiach — Feoil phróiseáilte (feoil Bhuaibheach, muiceoil, éanlaith chlóis) — Bainne agus táirgí déiríochta — Mil — Uibheacha iomlána — Putóga — Scairteach — Teannáin, loingeáin, galláin scannáin bhuaibheach — Seamhan agus suthanna — Min cleite, min blaoisce, mín feola agus cnámh — Olaí agus baoití — Táirgí fola — Eastóscán feola, eastóscán faireog	20 %
(Tar éis seiceáil fhisiceach maille le toradh = an chéad 10 lastas eile).	50 %

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
Táirgí Chatagóir 3	Íosmhéid 1 %
— Feoil Cangarú	Uasmhéid 10 %
— Feoil reiptíle	
— Feoil stánaithe agus táirgí feola stánaithe	
— Guanó éan mara	
— Cleití, gruaig, guairí agus moingeanna	
— Collaiginí, geilitín	
— Úsáid *in vitro* fola, séirim, phlasma	
— Béilí réamhullmhaithe	
— Domlas agus meáin saothrúcháin	
— Céir beach	
— Leathair speiceas éagsúil	
— Glóthach ríoga agus gliú beach	
— Úsc feola	
— Olann, seachas olann thionsclaithe	
— Bagún, saillte, craiceann muiceola inite	
— Fuil ainmhíoch, séirim agus plasma d'úsáid *in vitro*	
— Teannáin agus loingeán	
— Saill ainmhíoch (bagún, leathar inite)	
— Seireoil	
— Trófaithe agus ainmhithe stuáilte	
— Leathar súdaraithe, leathshúdaraithe, leathair fhliucha ghorma agus phicilte	
— Olann thionsclaithe, ruaimnithe agus barr	
— Bia peataí cothromaithe	
(Tar éis seiceáil fhisiceach maille le toradh = an chéad 10 lastas eile).	20 %

(b) le haghaidh plandaí agus táirgí plandaí:

(i) i gcás allmhairí isteach sa Pháirtí AE, i gcás plandaí, táirgí plandaí agus earraí eile a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún [1]:

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
1. Seiceálacha doiciméadacha	100 %

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
2. Seiceálacha sainaitheantais	100 %
3. Seiceálacha fisiceacha	Déanfar iniúchadh go mion ar phlandaí, táirgí plandaí agus earraí eile, agus ar a bpacáistiú, ar bhonn oifigiúil, ina n-iomláine nó trí shampla ionadaíoch; más gá, déanfar iniúchadh go mion ar na feithiclí a iompraíonn iad ar bhonn oifigiúil d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, nach bhfuil siad éillithe ag lotnaidí.

(ii) Le haghaidh allmhairí isteach sa tSíle:

(A) baineann seiceálacha doiciméadacha le cigireacht ar gach doiciméad a bhaineann le coinsíneacht chun comhlíonadh deimhnithe físeashláintíochta a chinneadh;

(B) seiceálacha fisiceacha:

(B.1) baineann fíorú fisiceach le cigireacht a dhéanamh ar choinsíneachtaí chun méid an tionsclaithe nó an chlaochlaithe a chinneadh, mar shampla, chun a fhíorú an bhfuil táirge reoite, triomaithe nó tósta;

(B.2) is scrúdú súl oifigiúil é cigireacht físeashláintíochta ar phlandaí, ar tháirgí plandaí nó ar earraí rialaithe eile lena chinneadh an bhfuil lotnaidí i láthair nó chun comhlíonadh rialachán físeashláintíochta a chinneadh.

(C) baineann glacadh le gléasanna iompair idirnáisiúnta chun an stádas físeashláintíochta a chinneadh.

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
1. Seiceálacha doiciméadacha	100 %
2. Seiceálacha sainaitheantais	100 %
3. Seiceálacha fisiceacha: — fíorú fisiceach — Seiceálacha físeashláintíochta	Déanfar iniúchadh go mion ar phlandaí, táirgí plandaí agus earraí rialáilte eile, agus ar a bpacáistiú, ar bhonn oifigiúil, ina n-iomláine nó trí shampla ionadaíoch; más gá, déanfar iniúchadh go mion ar na feithiclí a iompraíonn iad ar bhonn oifigiúil d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, nach bhfuil siad éillithe ag lotnaidí.
Plandaí, táirgí plandaí agus earraí rialáilte eile a bhfuil riosca físeashláintíochta ag baint leo	Cineál seiceálacha teorann
Síolta, plandaí agus codanna de phlandaí le haghaidh iomadú, atáirgeadh nó plandáil plandaí.	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Seiceálacha físeashláintíochta
Orgánach agus miocrorgánach a úsáidtear i rialú bitheolaíoch, pailneoirí, táirgeoirí substaintí áirithe nó imscrúdú.	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Seiceálacha físeashláintíochta
Táirgí plandaí:	

Cineál seiceála teorann	Ráta minicíochta
Ábhar plandaí a chuirtear faoi phróiseas tionsclaithe nó claochlaithe amháin nó níos mó a thugann le tuiscint go gclaochlaítear na saintréithe bunaidh, nach féidir le lotnaid difear díreach a dhéanamh dó dá bhrí sin, ach ar féidir leis lotnaid a iompar nó a fhulaingíonn inmhíolú mar thoradh ar na coinníollacha stórála.	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Fíorú fisiceach
Ábhar plandaí a bhféadfadh lotnaidí difear a dhéanamh dó, nó a d'fhéadfadh lotnaidí a iompar, d'ainneoin gur cuireadh faoi phróiseas tionsclaithe é.	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Seiceálacha físeashláintíochta
Táirgí plandaí úra lena dtomhailt, trí úsáid dhíreach nó tar éis claochlaithe, a bhféadfadh lotnaidí difear a dhéanamh dóibh, nó a d'fhéadfadh lotnaidí a iompar.	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Seiceálacha físeashláintíochta
Earraí rialáilte eile a bhfuil riosca físeashláintíochta ag baint leo	
Damhnaí fáis	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Seiceálacha físeashláintíochta
Bithleasacháin	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Seiceálacha físeashláintíochta
Gléasanna iompair	Fáiltiú
Ábhair pacáistíochta adhmaid;	Seiceálacha físeashláintíochta
Coimeádáin	Seiceálacha físeashláintíochta
Innealra úsáidte agus feithiclí a oibríodh chun críoch talmhaíochta nó foraoiseachta	Seiceálacha doiciméadacha Seiceálacha sainaitheantais Seiceálacha físeashláintíochta

IARSCRÍBHINN 13-H

DEIMHNIÚ

1. Tá feidhm ag na prionsabail deimhniúcháin seo a leanas:

(a) maidir le deimhniú plandaí agus táirgí plandaí agus earraí eile, cuirfidh na húdaráis inniúla Airteagail 100 agus 101 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa [1] agus ón gComhairle chun feidhme mar aon leis na prionsabail a leagtar síos i gCaighdeáin Idirnáisiúnta FAO maidir le Bearta Fíteashláintíochta 7 'Córas Deimhniúcháin Easpórtála' agus i gCaighdeáin Idirnáisiúnta FAO maidir le Bearta Fíteashláintíochta 12 'Treoirlínte maidir le Deimhnithe Fíteashláintíochta'; agus

(b) maidir le hainmhithe agus táirgí ainmhithe a dheimhniú:

(i) áiritheoidh údaráis inniúla gach Páirtí go mbeidh eolas sásúil ag oifigigh deimhniúcháin ar an reachtaíocht tréidliachta maidir leis na hainmhithe nó na táirgí ainmhithe atá le deimhniú agus, go ginearálta, go gcuirfear ar an eolas iad faoi na rialacha a bheidh le leanúint chun na deimhnithe a tharraingt suas agus a eisiúint agus, más gá, maidir le cineál agus méid na bhfiosrúchán, na dtástálacha nó na scrúduithe a bheidh le déanamh roimh an deimhniú;

(ii) ní dheimhneoidh oifigigh deimhniúcháin sonraí nach bhfuil aon eolas pearsanta acu orthu nó nach féidir leo a fhionnadh;

(iii) ní shíneoidh oifigigh deimhniúcháin deimhnithe bána nó neamhiomlána, ná deimhnithe maidir le hainmhithe nó táirgí ainmhithe nach ndearna siad cigireacht orthu, nó a d'éirigh as rialú na n-oifigeach deimhniúcháin; i gcás ina síneofar deimhniú ar bhonn deimhnithe nó fianaithe eile, beidh an deimhniú nó an fianú sin i seilbh an oifigigh deimhniúcháin sula síneoidh sé é;

(iv) féadfaidh oifigeach deimhniúcháin na sonraí seo a leanas a dheimhniú:

(A) sonraí arna bhfionnadh ar bhonn fhomhíreanna (b)(i), (b)(ii) agus (b)(iii) ag duine eile arna údarú amhlaidh ag an údarás inniúil agus ag gníomhú dó faoi rialú an údaráis sin, ar choinníoll gur féidir leis an údarás deimhniúcháin cruinneas na sonraí atá le deimhniú a fhíorú; nó

(B) sonraí a fuarthas, i gcomhthéacs na gclár faireacháin, trí thagairt a dhéanamh do scéimeanna dearbhaithe cáilíochta atá aitheanta go hoifigiúil nó trí bhíthin córas faireachais eipidéimeolaíoch atá údaraithe faoi reachtaíocht tréidliachta;

(v) déanfaidh údaráis inniúla gach Páirtí gach beart is gá chun sláine an deimhniúcháin a áirithiú; go sonrach, áiritheoidh siad an méid a leanas maidir leis na hoifigigh deimhniúcháin:

(A) go bhfuil stádas acu lena n-áirithítear a neamhchlaontacht agus nach bhfuil aon leas díreach tráchtála acu sna hainmhithe nó sna táirgí atá á ndeimhniú nó sna gabháltais nó sna bunaíochtaí ina bhfuil tionscnamh na n-ainmhithe nó na mbunaíochtaí sin; agus

(B) go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le hinneachar gach deimhnithe a shíníonn siad;

(vi) déanfar deimhnithe a tharraingt suas ar bhealach lena n-áiritear nasc idir an deimhniú agus an choinsíneacht, i dteanga a thuigfidh an t-oifigeach deimhniúcháin ar a laghad agus i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Pháirtí is allmhaireoir mar a leagtar amach i mír 3;

(vii) beidh gach údarás inniúil in ann deimhnithe a nascadh leis an oifigeach deimhniúcháin ábhartha agus a áirithiú go mbeidh cóip de na deimhnithe uile a eisíodh ar fáil ar feadh tréimhse a chinnfidh an t-údarás inniúil sin;

(viii) tabharfaidh gach Páirtí isteach na seiceálacha is gá agus déanfaidh sé na bearta rialaithe is gá chun cosc a chur ar dheimhniú bréagach nó míthreorach a eisiúint agus ar dheimhnithe arna n-eisiúint go calaoiseach a thabhairt ar aird nó a úsáid go calaoiseach chun críoch reachtaíochta tréidliachta; agus

[1] Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO AE L 317, 23.11.2016, lch. 4).

(ix) gan dochar d'imeachtaí dlíthiúla ná do phionóis, déanfaidh na húdaráis inniúla imscrúduithe nó seiceálacha agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun smachtbhannaí a fhorchur ar aon deimhniúchán bréagach nó míthreorach a chuirtear in iúl dóibh; féadfar a áireamh ar na bearta sin na hoifigigh deimhniúcháin a chur ar fionraí go sealadach óna ndualgais go dtí go mbeidh an t-imscrúdú thart; go sonrach:

(A) más rud é, le linn na seiceálacha, go bhfaighfear amach gur eisigh oifigeach deimhniúcháin deimhniú calaoiseach d'aon ghnó, déanfaidh an t-údarás inniúil gach beart is gá chun a áirithiú, a mhéid is féidir, nach mbeidh an t-oifigeach lena mbaineann in ann an cion a dhéanamh an athuair; agus

(B) más rud é, le linn na seiceálacha, go bhfaighfear amach gur bhain duine aonair nó gnóthas úsáid chalaoiseach as deimhniú oifigiúil, nó gur mhodhnaigh siad é, déanfaidh an t-údarás inniúil gach beart is gá chun a áirithiú, a mhéid is féidir, nach mbeidh an duine aonair nó an gnóthas sin in ann an cion a dhéanamh an athuair; d'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin diúltú deimhniú oifigiúil a eisiúint don duine aonair nó don ghnóthas lena mbaineann.

2. Maidir leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 13.9(5), léireoidh an fianú sláinte sa deimhniú stádas coibhéise an táirge lena mbaineann. Luafar sa fianú sláinte an chomhlíontacht le caighdeáin táirgthe am Pháirtí is onnmhaireoir a aithnítear a bheith coibhéiseach le caighdeáin táirgthe an pháirtí is allmhaireoir.

3. Tá feidhm ag úsáid na dteangacha oifigiúla seo a leanas le haghaidh deimhniúcháin:

(a) maidir le hallmhairí isteach sa Pháirtí AE:

(i) i gcás plandaí, táirgí plandaí agus earraí eile, tarraingeofar suas an deimhniú i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus, más féidir, i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit is ceann scríbe;

(ii) maidir le hainmhithe agus táirgí ainmhithe, tarraingeofar suas an deimhniú sláinte i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit is ceann scríbe agus i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina ndéantar na seiceálacha allmhairí dá bhforáiltear in Airteagal 13.12; agus

(b) maidir le hallmhairí isteach sa tSile, tarraingeofar suas an deimhniú sláinte i Spáinnis, nó i dteanga eile, agus sa chás sin cuirfear aistriúchán go Spáinnis ar fáil.

IARSCRÍBHINN 15-A

LIOSTAÍ D'EARRAÍ FUINNIMH, AMHÁBHAIR AGUS HIDREACARBÓIN

1. Liosta earraí fuinnimh de réir cód CC:

(a) breoslaí soladacha (Cód CC 27.01, 27.02, agus 27.04);

(b) amhola (Cód CC 27.09);

(c) táirgí ola (cód CC 27.10 agus 27.13-27.15);

(d) gás nádúrtha, lena n-áirítear gás nádúrtha leachtaithe agus gás peitriliam leachtaithe, (Cód CC 27.11) agus

(e) fuinneamh leictreach (Cód CC 27.16)

2. Liosta amhábhar de réir caibidil CC:

Caibidil	Ceannteideal
25	Salann; sulfar; cré agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin
26	Mianta, slaig agus luaith
27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha
28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearc-chré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip
29	Ceimiceáin orgánacha
71	Péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara, miotail lómhara, miotail cumhdaithe le miotal lómhar, agus earraí díobh – seachas, áfach, péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó scothlómhara áirithe
72	Iarann agus cruach
74	Copar agus earraí déanta as copar
75	Nicil agus earraí atá déanta de nicil
76	Alúmanam agus earraí déanta as alúmanam
78	Luaidhe agus earraí déanta as luaidhe
79	Sinc agus earraí déanta as sinc
80	Stán agus earraí déanta as stán
81	Táirmhiotail eile; ceirméid; earraí déanta astu

3. Liosta hidreacarbón de réir Cód CC:

(a) amhola (Cód CC 27.09); agus

(b) gás nádúrtha (Cód CC 27.11).

IARSCRÍBHINN 15-B

COINNÍOLLACHA PRAGHSÁLA ONNMHAIRIÚCHÁIN DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 15.5(2)

1. Maidir le beart a thugann an tSile isteach nó a choinníonn an tSile ar bun de bhun Airteagal 15.5(2), comhlíonfaidh sé na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) ní bheidh srian onnmhairiúcháin ar onnmhairí chuig an bPáirtí AE de bhun Airteagal 9.11 mar thoradh air;

(b) ní dhéanfaidh sé dochar do chumas an Pháirtí AE amhábhair a fhoinsiú ón tSile;

(c) má sholáthraítear an t-amhábhar ar phraghas fabhrach d'oibreoir eacnamaíoch i dtríú tír, tabharfar sin d'oibreoirí eacnamaíocha i gcásanna comhchosúla sa Pháirtí AE láithreach agus gan choinníoll; agus

(d) ní bheidh de thoradh air praghas fabhrach atá faoi bhun an phraghais is ísle d'onnmhairí an earra chéanna arna réadú i gcaitheamh an 12 mhí roimhe sin.

2. I gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na Sile, déanfar an beart dá dtagraítear i mír 1 agus an chaoi a gcuirtear chun feidhme é a chur ar fáil go poiblí agus arna iarraidh sin don Pháirtí AE, roinnfidh an tSile faisnéis mhionsonraithe iontaofa leis an bPáirtí AE maidir le raon feidhme an táirge, an méid táirgeachta a chumhdaítear leis an mbeart, cibé acu ar tharla díolacháin intíre ar phraghsanna fabhracha, agus an praghas intíre a d'eascair as an mbeart.

IARSCRÍBHINN 16-A

EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA UM CHAIGHDEÁNÚ ATÁ AITHEANTA AG NA PÁIRTITHE

1. Bureau International des Poids et Mesures (BIPM);
2. An Coimisiún Codex Alimentarius;
3. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO);
4. An Chomhairle Idirnáisiúnta um Chomhchuibhiú Ceanglas Teicniúil i ndáil le hEarraí Cógaisíochta atá le hÚsáid ag an Duine (ICH);
5. An Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC);
6. An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS);
7. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO);
8. Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC);
9. Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona (OIV);
10. An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO),
11. An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Méadreolaíocht Dlí (OIML);
12. An tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU);
13. Fochoiste Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCóras Comhchuibhithe Domhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú (UN/SCEGHS);
14. An tAontas Poist Uilechoiteann (UPU);
15. An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí (WP.29) faoi chuimsiú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE); agus
16. An Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH).

IARSCRÍBHINN 16-B

MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA — RÉIMSÍ AGUS SAINIÚLACHTAÍ

1. Liosta réimsí ([1]):

(a) gnéithe sábháilteachta an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh mar a shainmhínítear i mír 2;

(b) gnéithe sábháilteachta innealra mar a shainmhínítear i mír 2;

(c) comhoiriúnacht leictreamaighnéadach trealaimh mar a shainmhínítear i mír 2;

(d) éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear ceanglais maidir le héicidhearthóireacht;

(e) srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach; agus

(f) fearais sláintíochta.

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'comhoiriúnacht leictreamaighnéadach trealaimh' comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (suaitheadh agus imdhíonacht) trealaimh atá ag brath ar shruthanna leictreacha nó ar réimsí leictreamaighnéadacha chun oibriú i gceart, agus trealamh chun sruthanna den sórt sin a ghiniúint, a aistriú agus a thomhas, cé is moite díobh seo a leanas:

(i) trealamh atá le húsáid in atmaisféar pléascach;

(ii) trealamh atá le húsáid chun críocha raideolaíochta nó leighis;

(iii) páirteanna leictreacha d'earraí agus d'ardaitheoirí paisinéirí;

(iv) trealamh raidió a úsáideann amaitéaraigh raidió;

(v) uirlisí tomhais;

(vi) uirlisí neamh-uathoibríocha meáite;

(vii) trealamh atá neamhurchóideach go bunúsach; agus

(viii) pacáistí meastóireachta saincheaptha atá beartaithe do ghairmithe lena n-úsáid ag saoráidí taighde agus forbartha chun na gcríoch sin agus chun na gcríoch sin amháin;

(b) ciallaíonn 'éifeachtúlacht fuinnimh' an cóimheas idir aschur feidhmíochta, seirbhíse, earraí nó fuinnimh agus ionchur fuinnimh i dtáirge a bhfuil tionchar aige ar thomhaltas fuinnimh le linn a úsáide, agus i bhfianaise leithdháileadh éifeachtúil acmhainní;

(c) ciallaíonn 'gnéithe sábháilteachta de threalamh leictreach agus leictreonach' gnéithe sábháilteachta trealaimh seachas innealra atá ag brath ar shruthanna leictreacha chun oibriú i gceart, agus trealamh chun sruthanna den sórt sin a ghiniúint, a aistriú agus a thomhas agus atá deartha lena úsáid le rátáil voltais idir 50 V agus 1 000 V maidir le sruth ailtéarnach agus idir 75 V agus 1 500 V maidir le sruth díreach, chomh maith le trealamh a astaíonn nó a ghlacann tonnta leictreamaighnéadacha minicíochtaí ar lú iad ná 3 000 GHz d'aon ghnó chun críche cumarsáide raidió nó rad-aimsithe, cé is moite de na nithe seo a leanas:

(i) trealamh atá le húsáid in atmaisféar pléascach;

(ii) trealamh atá le húsáid chun críocha raideolaíochta nó leighis;

(iii) páirteanna leictreacha d'earraí agus d'ardaitheoirí paisinéirí;

(iv) trealamh raidió a úsáideann amaitéaraigh raidió;

(v) méadair leictreachais;

(vi) plocóidí agus asraonta soicéid le haghaidh úsáid tís;

(vii) rialaitheoirí fál leictreacha;

(viii) bréagáin;

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo aerárthaí iomlána, soithí, iarnróid, mótarfheithiclí ná trealamh speisialaithe muirí, iarnróid, eitlíochta ná feithiclí.

(ix) pacáistí meastóireachta saincheaptha atá beartaithe do ghairmithe lena n-úsáid ag saoráidí taighde agus forbartha chun na gcríoch sin agus chun na gcríoch sin amháin; nó

(x) táirgí foirgníochta le haghaidh corprú buan i bhfoirgnimh nó in oibreacha innealtóireachta sibhialta, a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmíocht ar fheidhmíocht an fhoirgnimh nó na hoibre innealtóireachta sibhialta, amhail cáblaí, aláraim dóiteáin, doirse leictreacha;

(d) ciallaíonn 'gnéithe sábháilteachta d'innealra' na gnéithe sábháilteachta de chóimeáil ina bhfuil páirt ghluaisteach amháin ar a laghad, arna cumhachtú ag córas tiomána ina n-úsáidtear foinse fuinnimh amháin nó níos mó amhail fuinneamh teirmeach, leictreach, neomatach, hiodrálach nó meicniúil, arna shocrú agus arna rialú ionas go bhfeidhmeoidh siad ina n-iomláine dílis, cé is moite d'innealra ardriosca, mar atá sainithe ag gach Páirtí.

(e) ciallaíonn 'fearais sláintíochta' leithris, guairneáin, doirteal cistine, úirinéal, folcadáin, tráidirí cithfholcadáin, *bidets* nó báisíní níocháin.

3. De bhun Airteagal 16.9(7), féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach an liosta réimsí i mír 1 den Iarscríbhinn seo a leasú.

4. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh Páirtí ceanglais a thabhairt isteach maidir le tástáil nó deimhniú tríú páirtí sainordaitheach le haghaidh na réimsí a shonraítear san Iarscríbhinn seo, maidir le táirgí a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhinne seo, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil cúiseanna láidre ann a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht an duine a chosaint a thugann údar le haon cheanglais den sórt sin a thabhairt isteach;

(b) go mbeidh faisnéis theicniúil nó eolaíoch a bhfuil bunús léi maidir le feidhmíocht na dtáirgí sin mar thaca le tabhairt isteach aon cheanglais den sórt sin;

(c) nach bhfuil aon cheanglas den sórt sin níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun cuspóir dlisteanach an Pháirtí a chomhlíonadh, agus na rioscaí a chruthódh neamhchomhlíonadh á gcur san áireamh; agus

(d) nach bhféadfadh an Páirtí an gá atá le haon cheanglas den sórt sin a thabhairt isteach a thuar go réasúnta tráth theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Sula dtabharfaidh an Páirtí aon cheanglas den sórt sin isteach, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile agus, tar éis comhairliúchán, cuirfidh sé barúlacha an Pháirtí eile san áireamh, a mhéid is féidir, agus aon cheanglas den sórt sin á dtarraingt suas aige.

IARSCRÍBHINN 16-C

MAIDIR LE MÓTARFHEITHICLÍ AGUS TREALAMH NÓ PÁIRTEANNA DÍOBH

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'Comhaontú 1958' an Comhaontú maidir le Glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha d'Fheithiclí Rothacha, do Threalamh agus do Pháirteanna Is Féidir a Fheistiú agus/nó a Úsáid ar Fheithiclí Rothacha agus ar na Coinníollacha maidir le Ceadanna arna nDeonú ar Bhonn na Saintreoracha sin a Aithint go Frithpháirteach, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 20 Márta 1958;

(b) Ciallaíonn 'CC 2017' eagrán 2017 den Chóras Comhchuibhithe Ainmníochta arna eisiúint ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim;

(c) Ciallaíonn UNECE Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip; agus

(d) Ciallaíonn 'Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe' Rialacháin Teicniúla arna nglacadh i gcomhréir le Comhaontú 1958.

2. Beidh an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear san Iarscríbhinn seo agus leis na téarmaí a shainmhínítear i gComhaontú 1958 nó in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú BTT.

3. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis an trádáil idir na Páirtithe i ngach catagóir mótarfheithiclí, trealaimh agus páirteanna díobh, mar a shainítear i mír 1.2. de Rún Comhdhlúite UNECE maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3) ([1]), a thagann, *inter alia*, faoi Chaibidlí 40, 84, 85, 87, 90 agus 94 de CC 2017 (dá ngairtear 'táirgí arna gcumhdach' anseo feasta).

4. Maidir leis na táirgí atá cumhdaithe, is iad seo a leanas cuspóirí na hIarscríbhinne seo:

(a) deireadh a chur le haon bhac nach bac taraife é ar thrádáil dhéthaobhach agus iad a chosc;

(b) formheas mótarfheithiclí nua a éascú bunaithe ar scéimeanna ceadaithe a leagtar amach, *inter alia*, i gComhaontú 1958;

(c) dálaí iomaíocha margaidh bunaithe ar phrionsabail na hoscailteachta, an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta a bhunú; agus

(d) cosaint shláinte an duine, na sábháilteachta agus an chomhshaoil a áirithiú, agus aitheantas á thabhairt don cheart atá ag gach Páirtí a leibhéal inmhianaithe cosanta agus cur chuige rialála a chinneadh.

5. Aithníonn na Páirtithe gur caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta iad na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis na táirgí a chumhdaítear.

6. Glacfaidh an Páirtí is allmhaireoir ar a mhargadh mótarfheithiclí nua nó trealamh mótarfheithiclí nua nó páirteanna díobh ar choinníoll go mbeidh deimhnithe ag an monaróir i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme de chuid an Pháirtí is allmhaireoir go gcomhlíonann an fheithicil nó an trealamh nó páirteanna díobh na caighdeáin sábháilteachta chomhfhreagracha nó na rialacháin theicniúla chomhfhreagracha is infheidhme sa Pháirtí is allmhaireoir ([2]).

7. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil rialacháin theicniúla áirithe de chuid an Pháirtí AE agus UNECE curtha isteach ag an tSile ina rialacháin theicniúla agus go nglacann sí leis na tuarascálacha tástála comhfhreagracha agus leis na deimhnithe comhfhreagracha ar chineálcheadú.

8. Glacfaidh an tSile le deimhnithe ar chineálcheadú ón bPáirtí AE agus UNECE arna n-eisiúint i gcomhréir le rialacháin theicniúla an Pháirtí AE agus UNECE mar dheimhniú ar chomhlíonadh táirgí atá cumhdaithe le rialacháin theicniúla na Sile, gan tuilleadh ceanglas tástála ná marcála chun comhlíonadh ceanglais a chumhdaítear le cineálcheaduithe sin ón bPáirtí AE nó UNECE a fhíorú nó a fhianú, mura rud é go gcruthódh siad riosca do shláinte an duine, don tsábháilteacht nó don chomhshaol, i gcomhréir le rialacháin theicniúla na Sile.

([1]) ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6 an 11 Iúil 2017.

([2]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar aon ní sa mhír seo mar ní lena gcoisctear ar Pháirtí glacadh ar a mhargadh le mótarfheithiclí nua nó le trealamh mótarfheithiclí nua agus le páirteanna nua atá deimhnithe de réir caighdeán sábháilteachta agus astaíochtaí tríú tír ná a cheangal go ndéanfar caighdeáin sábháilteachta agus astaíochtaí mótarfheithiclí atá ann cheana a dheimhniú, ar caighdeáin iad a choinníonn Páirtí ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, faoi réir mhír 7.

9. Féadfaidh an tSile a rialacháin theicniúla a leasú má mheasann sí nach bhfuil a leibhéal inmhianaithe cosanta i rialacháin theicniúla an Pháirtí AE nó UNECE a thuilleadh, nó go gcruthaíonn siad riosca do shláinte an duine, don tsábháilteacht nó don chomhshaol. Sula dtabharfaidh an tSile leasuithe den sórt sin isteach, cuirfidh sí an Páirtí AE ar an eolas trí na pointí teagmhála arna n-ainmniú de bhun Airteagal 16.13, agus arna iarraidh sin, soláthróidh sí faisnéis maidir leis an réasúnaíocht is bun leis na leasuithe sin.

10. Féadfaidh údaráis inniúla an Pháirtí is allmhaireoir a fhíorú go gcomhlíonann na táirgí a chumhdaítear rialacháin theicniúla ábhartha uile an Pháirtí is allmhaireoir. Déanfar an fíorú trí shampláil randamach sa mhargadh agus i gcomhréir le rialacháin theicniúla an Pháirtí is allmhaireoir.

11. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a cheangal ar an soláthróir táirge a tharraingt siar óna mhargadh mura gcomhlíonann an táirge lena mbaineann na rialacháin theicniúla sin.

12. Gan dochar do cheart gach Páirtí na bearta is gá a ghlacadh ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre, le cosaint an chomhshaoil nó leis an tsláinte phoiblí agus le cleachtais mheabhlacha a chosc de réir a leibhéil inmhianaithe cosanta, staonfaidh gach Páirtí ó na sochair a fhabhraíonn chuig an bPáirtí eile faoin Iarscríbhinn seo a neamhniú nó a lagú trí bhearta rialála a bhaineann go sonrach leis na táirgí a chumhdaítear.

13. Féachfaidh an Páirtí is allmhaireoir le cead a thabhairt do allmhairiú agus margú táirgí ina n-ionchorpraítear teicneolaíocht nua nó gné nua nach bhfuil rialaithe fós ag an bPáirtí is allmhaireoir, mura bhfuil amhras réasúnach air faoin shábháilteacht, bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil lena léirítear go gcruthaíonn an teicneolaíocht nua sin nó an ghné nua sin riosca do shláinte an duine, don tsábháilteacht nó don chomhshaol. Má chinneann an Páirtí is allmhaireoir cur ar an margadh a dhiúltú, tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin don Pháirtí eile a luaithe is féidir.

14. Comhoibreoidh na Páirtithe agus malartóidh siad faisnéis maidir le haon saincheist atá ábhartha do chur chun feidhme na hIarscríbhinne seo san Fhochoiste um Bacainní Teicniúla don Trádáil.

IARSCRÍBHINN 16-D

SOCRÚ DÁ dTAGRAÍTEAR I bhFOMHÍR (b) d'AIRTEAGAL 16.7(5) LE hAGHAIDH FAISNÉIS A MHALARTÚ GO TRÁTHRIALTA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ TOMHALTÓIRÍ AGUS MAIDIR LE BEARTA COISCTHEACHA, SRIANTACHA AGUS CEARTAITHEACHA LENA mBAINEANN

Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach an Iarscríbhinn seo a leasú de bhun Airteagal 16.7(10).

IARSCRÍBHINN 16-E

SOCRÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 16.7(6) MAIDIR LE FAISNÉIS A MHALARTÚ GO TRÁTHRIALTA MAIDIR LE BEARTA A DHÉANTAR I LEITH TÁIRGÍ NEAMHCHOMHLÍONTACHA NEAMH-BHIA, SEACHAS NA IAD SIN A CHUMHDAÍTEAR LE hAIRTEAGAL 16.7(5)

Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach an Iarscríbhinn seo a leasú de bhun Airteagal 16.7(10).

IARSCRÍBHINN 17-A

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA ATÁ ANN CHEANA

Príomhnótaí

1. Le sceidil na bPáirtithe in Iarscríbhinní 17-A-1 agus 17-A-2, de bhun Airteagail 17.14 agus 18.8, leagtar amach na forchoimeádais a ghlac na Páirtithe maidir le bearta atá ann cheana nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a fhorchuirtear le:

(a) Airteagal 18.6;

(b) Airteagail 17.9 nó 18.4.

(c) Airteagal 17.11;

(d) Airteagal 17.13; nó

(e) Airteagal 17.12.

2. Tá forchoimeádais Páirtí gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoi GATS.

3. I ngach forchoimeádas leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'earnáil' don earnáil ghinearálta ina ndéantar an forchoimeádas;

(b) tagraíonn 'fo-earnáil' don earnáil shonrach ina ndéantar an forchoimeádas;

(c) tagraíonn 'aicmiú tionscail', i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas de réir CPC, ISIC Rev. 3.1, nó mar a shonraítear go sainráite ar bhealach eile san fhorchoimeádas sin;

(d) le 'cineál forchoimeádais' sonraítear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith;

(e) le 'leibhéal rialtais' sonraítear an leibhéal rialtais a choinníonn beart ar bun a bhfuil an forchoimeádas á dhéanamh ina leith;

(f) le 'bearta' aithnítear na dlíthe nó na bearta eile a cháilítear, i gcás ina dtuairiscítear sin, leis an eilimint 'tuairisc' a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith; maidir le 'beart' a luaitear san eilimint 'bearta':

(i) ciallaíonn sé an beart arna leasú, arna leanúint nó arna athnuachan amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

(ii) folaíonn sé aon fhobheart arna ghlacadh nó arna chothabháil faoi údarás an bhirt agus atá comhsheasmhach leis; agus

(iii) i ndáil le sceideal an Pháirtí AE, folaíonn sé aon dlíthe nó aon bhearta eile lena gcuirtear treoir chun feidhme ar leibhéal na mBallstát; agus

(g) leagtar amach le 'tuairisc' gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, má ghlacann Páirtí beart nua ar leibhéal rialtais atá éagsúil leis an leibhéal ar a nglacadh an forchoimeádas ar dtús, agus má chuirtear an beart nua sin, go bunúsach, in ionad ghné neamhchomhréireach an bhirt bhunaidh a luadh san eilimint 'bearta', laistigh den chríoch a bhfuil feidhm aige ina leith, measfar gurb éard atá sa bheart nua modhnú ar an mbeart bunaidh de réir bhrí fhomhír (c) d'Airteagal 17.14(1) nó fhomhír (c) d'Airteagal 18.8(1).

5. Agus forchoimeádas á léirmhíniú, déanfar gach eilimint den fhorchoimeádas sin a bhreithniú. Déanfar forchoimeádas a léirmhíniú i bhfianaise na n-oibleagáidí ábhartha a leagtar síos sna Caibidlí nó Ranna a bhfuil an forchoimeádas á ghlacadh ina gcoinne. Beidh forlámhas ag eilimint na 'mbeart' ar gach eilimint eile.

6. Chun críocha sceideal an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn 'ISIC Rev. 3.1' Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach gníomhaíocht eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Rev. 3.1, 2002.

7. Chun críocha sceidil na bPáirtithe, maidir le ceanglas i dtaca le láithreacht áitiúil i gcríoch na bPáirtithe, glactar forchoimeádas ina leith sin i ndáil le hAirteagal 18.6 agus ní i ndáil le hAirteagal 18.4 nó, in Iarscríbhinn 17-C, i ndáil le hAirteagal 18.7. Thairis sin, ní ghlactar le ceanglas den sórt sin mar fhorchoimeádas i ndáil le hAirteagal 17.9.

8. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Pháirtí AE, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh, maidir le beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal lárnach nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas. Maidir le forchoiméadas a ghlacann Ballstát, beidh feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den Bhallstát sin. Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, cumhdaíonn an leibhéal lárnach rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla inniúla ag gach ceann acu. Chun críocha fhorchoimeádais an Pháirtí AE agus a chuid Ballstát, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland. Tá feidhm ag forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal na Sile maidir le beart de chuid an rialtais láir nó beart de chuid rialtais áitiúil.

9. Ní áirítear i sceidil na bPáirtithe bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú i gcás nach teorannú iad de réir bhrí Airteagail 17.9, 18.4 nó 18.6. Leis na bearta sin, féadtar a chur san áireamh, go háirithe, an gá atá le ceadúnas a fháil, le hoibleagáidí seirbhíse uilíocha a chomhlíonadh, le cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith gnóthaithe, le pas i scrúduithe sonracha a ghnóthú, lena n-áirítear scrúduithe teanga, le ceanglas ballraíochta i ngairm áirithe a chomhlíonadh, amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil, le gníomhaire áitiúil a bheith ar fáil le haghaidh seirbhíse, nó le seoladh áitiúil a choinneáil, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile nach bhféadfar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó limistéir chosanta. Cé nach bhfuil siad liostaithe san Iarscríbhinn seo, leanfaidh na bearta sin d'fheidhm a bheith acu.

10. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás an Pháirtí AE, ní bheidh ceanglas i gceist le hoibleagáid cóir náisiúnta a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha na Sile an chóir a thugtar i mBallstát, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó aon bheart arna ghlacadh de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear cur chun feidhme na mbeart sin sna Ballstáit, a leathnú chuig:

(a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de chuid Ballstáit eile; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas Eorpach.

11. Maidir le cóir a dheonaítear do dhaoine dlítheanacha a bhunaíonn infheisteoirí Páirtí i gcomhréir le dlí an Pháirtí eile (lena n-áirítear, i gcás an Pháirtí AE, dlí Ballstáit) agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Pháirtí eile sin, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinníoll nó oibleagáid de bhun Chaibidil 17, a d'fhéadfadh a bheith forchurtha ar an duine dlítheanach sin nuair a bunaíodh é sa Pháirtí eile sin, agus a leanfaidh de bheith infheidhme.

12. Níl feidhm ag sceidil na bPáirtithe ach amháin maidir le críocha na bPáirtithe i gcomhréir le hAirteagal 41.2 agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an Páirtí AE agus an tSile. Ní dhéanann siad difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

13. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i sceideal an Pháirtí AE:

AE An tAontas Eorpach, lena n-áirítear a Bhallstáit uile

AT An Ostair

BE An Bheilg

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

EL An Ghréig

ES An Spáinn

FI An Fhionlainn

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Foscríbhinn 17-A-1

SCEIDEAL AN PHÁIRTÍ AE

Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil

Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla (seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla (a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol táirgí cógaisíochta)

Forchoimeádas Uimh. 4 - Seirbhísí taighde agus forbartha

Forchoimeádas Uimh. 5 – Seirbhísí eastáit réadaigh

Forchoimeádas Uimh. 6 – Seirbhísí gnó

Forchoimeádas Uimh. 7 – Seirbhísí tógála

Forchoimeádas Uimh. 8 – Seirbhísí dáileacháin

Forchoimeádas Uimh. 9 – Seirbhísí oideachais

Forchoimeádas Uimh. 10 – Seirbhísí comhshaoil

Forchoimeádas Uimh. 11 – Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta

Forchoimeádas Uimh. 12 – Seirbhísí a bhaineann le turasóireacht agus taisteal

Forchoimeádas Uimh. 13 – Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Forchoimeádas Uimh. 14 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar

Forchoimeádas Uimh. 15 – Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh

Forchoimeádas Uimh. 16 – An talmhaíocht, an iascaireacht agus an mhonaraíocht

Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil

Earnáil:	Gach earnáil
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Ceanglais feidhmíochta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
Caibidil / Roinn:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí
Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) Cineál bunaíochta

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

AE: Maidir le cóir a dheonaítear de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh do dhaoine dlítheanacha arna mbunú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh nó le dlí Ballstáit a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na cinn sin atá bunaithe san Aontas Eorpach ag infheisteoirí de chuid na Sile, ní thugtar an chóir sin do dhaoine dlítheanacha atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, ná do bhrainsí nó oifigí ionadaíocha na ndaoine dlítheanacha sin, lena n-áirítear brainsí nó oifigí ionadaíocha de chuid daoine dlítheanacha den Sile.

Féadfar cóir is lú fabhar a dheonú do dhaoine dlítheanacha arna mbunú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh nó le dlí Ballstáit nach bhfuil acu san Aontas Eorpach ach a n-oifig chláraithe, mura féidir a thaispeáint go bhfuil nasc éifeachtach leanúnach acu leis an ngeilleagar i gceann amháin de na Ballstáit.

Bearta:

AE: Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

Níl feidhm ag an bhforchoimeádas seo ach amháin maidir le seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais:

An tAontas (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Féadfaidh aon Bhallstát, agus é ag díol nó ag diúscairt a chuid leasanna cothromais nó na sócmhainní a bhaineann le fiontar stáit atá ann cheana nó le heintiteas de chuid an rialtais atá ann cheana agus a sholáthraíonn seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais (CPC 93, 92), féadfaidh sé cosc a chur ar úinéireacht na leasanna nó na sócmhainní sin nó teorainneacha a chur léi, nó srian a chur le cumas úinéirí na leasanna agus na sócmhainní sin aon fhiontar iarmhartach a rialú, i dtaca le hinfheisteoirí de chuid na Sile nó a gcuid bhfiontar. Maidir le díolachán den sórt sin nó aon diúscairt eile, féadfaidh aon Bhallstát aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le náisiúntacht na mbainisteoirí sinsearacha nó náisiúntacht chomhaltaí na mbord stiúrthóirí.

Chun críocha an fhorchoimeádais seo:

(i) measfar gur beart atá ann faoi láthair é aon bheart arna choinneáil ar bun nó arna ghlacadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, a choisceann úinéireacht ar leasanna cothromais nó ar shócmhainní nó a fhorchuireann teorainneacha ar an úinéireacht sin ag am an díolacháin nó diúscartha eile, nó a fhorchuireann ceanglais náisiúntachta mar a chuirtear síos orthu san fhorchoimeádas seo; agus

(ii) ciallaíonn ‘fiontar stáit’ fiontar faoi úinéireacht nó arna rialú trí leasanna úinéireachta de chuid aon Bhallstáit agus áirítear leis fiontar arna bhunú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, díreach chun críoch leasanna cothromais i bhfiontar stáit nó in eintiteas rialtais atá ann faoi láthair nó sócmhainní an fhiontair nó an eintitis sin a dhíol nó a dhiúscairt.

Bearta:

AE: Mar a leagtar amach san eilimint tuairiscithe mar a luaitear thuas.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In AT: Chun brainse a oibriú, ní mór do chorparáidí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (neamh-LEE) duine amháin ar a laghad a cheapadh atá freagrach as ionadaíocht an bhrainse sin agus a bhfuil cónaí air san Ostair.

Ní mór go mbeadh sainchónaí san Ostair ar fheidhmeannaigh (stiúrthóirí bainistíochta, daoine nádúrtha) atá freagrach as cloí le hAcht Trádála na hOstaire (Gewerbeordnung).

In BG: Féadfaidh daoine dlítheanacha eachtracha, ach amháin sa chás gur bunaíodh faoi dhlí Bhallstáit LEE iad, gnó a stiúradh agus gabháil do ghníomhaíochtaí má tá siad bunaithe i bPoblacht na Bulgáire i bhfoirm cuideachta atá cláraithe sa Chlár Tráchtála. Tá bunú brainsí faoi réir údaraithe.

Ní mór oifigí ionadaíochta de chuid fiontar eachtrach a bheith cláraithe le Comhlachas Gnó agus Tionscail na Bulgáire agus ní fhéadfaidh siad gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch ach tá siad i dteideal fógraíocht a dhéanamh maidir lena n-úinéir agus gníomhú mar ionadaithe nó ghníomhairí, agus an méid sin amháin.

In EE: Murar í an Eastóin áit chónaithe de ar a laghad leath de chomhaltaí an bhoird bainistíochta i gcuideachta theoranta phríobháideach nó i gcuideachta theoranta phoiblí nó i mbrainse dá gcuid, í sin nó Ballstát LEE eile nó Cónaidhm na hEilvéise, déanfaidh an chuideachta theoranta phríobháideach, an chuideachta theoranta phoiblí nó an chuideachta eachtrach duine teagmhála a cheapadh ar féidir a sheoladh Eastónach a úsáid le haghaidh sheachadadh dhoiciméid nós imeachta an ghnóthais agus na ndearbhuithe intinne a dhírítear ar an ngnóthas (i.e. brainse cuideachta eachtraí).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Ní mór cónaí in LEE a bheith ar dhuine amháin ar a laghad de na comhpháirtithe i gcomhpháirtíocht ghinearálta nó de chomhpháirtithe ginearálta i gcomhpháirtíocht theoranta nó, más duine dlíthiúil é an comhpháirtí, ní mór sainchónaí a bheith air (ní cead brainsí) in LEE. Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí a dheonú.

Chun gabháil do cheird mar fhiontraí príobháideach, tá cónaitheacht in LEE ina cheanglas.

Má tá sé ar intinn ag eagraíocht eachtrach as tír lasmuigh de LEE gabháil do ghnó nó cheird trí bhrainse a bhunú san Fhionlainn, tá cead trádála ina cheanglas.

Tá cónaí in LEE ina cheanglas ar dhuine amháin de ghnáthchomhaltaí agus duine amháin de leas-chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí ar a laghad, agus ar an stiúrthóir bainistíochta. Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí cuideachta a dheonú.

In SE: Maidir le cuideachta eachtrach, nach bhfuil eintiteas dlítheanach bunaithe aici sa tSualainn nó atá ag déanamh a gnó trí ghníomhaire tráchtála, déanfaidh sí a cuid oibríochtaí tráchtála trí bhrainse, atá cláraithe sa tSualainn, ag a bhfuil bainistíocht neamhspleách agus cuntais ar leithligh. Ní mór cónaí a bheith ar stiúrthóir bainistíochta agus leas-stiúrthóir bainistíochta an bhrainse, má cheaptar iad, in LEE. Ní mór do dhuine nádúrtha nach bhfuil cónaí air in LEE, a dhéanann oibríochtaí tráchtála sa tSualainn, ionadaí cónaitheach a cheapadh agus a chlárú a bheidh freagrach as na hoibríochtaí sa tSualainn. Coinneofar cuntais ar leithligh le haghaidh na n-oibríochtaí sa tSualainn. I gcásanna aonair féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí a dheonú ó na ceanglais maidir le brainse agus cónaitheacht. Tionscadail tógála a mhaireann níos lú ná bliain a dhéanann cuideachta atá lonnaithe lasmuigh de LEE nó duine nádúrtha a bhfuil cónaí air lasmuigh de LEE, díolmhaítear iad ó na ceanglais maidir le brainse a bhunú nó ionadaí cónaitheach a cheapadh.

I gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus comhlachais eacnamaíocha chomhoibritheacha, ní mór cónaí in LEE a bheith ar 50 % ar a laghad de bhaill an bhoird stiúrthóirí, 50 % ar a laghad de bhaill an bhoird ionaid, an stiúrthóir bainistíochta, an leas-stiúrthóir bainistíochta agus ar a laghad duine amháin de na daoine atá údaraithe chun síniú thar ceann na cuideachta, más ann dóibh. Féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí ón gceanglas sin a dheonú. Mura bhfuil cónaí ar ionadaí ar bith de chuid na cuideachta nó an chumainn sa tSualainn, ní mór don bhord duine a bhfuil cónaí air sa tSualainn a cheapadh agus a chlárú, duine a bhfuil a sheirbheáil thar ceann na cuideachta nó an chumainn údaraithe.

Tá coinníollacha comhfhreagracha i gceist chun gach cineál eile eintitis dhlíthiúil a bhunú.

In SK: Duine nádúrtha eachtrach a mbeidh a ainm le clárú sa chlár iomchuí (Clár tráchtála, fiontraíochta nó clár gairmiúil eile) agus a údaráfar chun gníomhú thar ceann fiontraí, tá ceangal ar an duine sin cead cónaithe sa tSlóvaic a chur isteach.

Bearta:

AT: *Aktiengesetz*, BGBL. Uimh. 98/1965, § 254 (2);

GmbH-Gesetz, RGBL. Uimh. 58/1906, § 107 (2); agus *Gewerbeordnung*, BGBL. Nr. 194/1994, § 39 (2a).

BG: An Dlí Tráchtála, Airteagal 17a; agus

Dlí chun Infheistíochtaí a Spreagadh, Airteagal 24.

EE: *Äriseadustik* (Cód Tráchtála) § 631 (1, 2 agus 4).

FI: *Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta* (An tAcht ar an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), § 1;

Osuuskuntalaki (Acht na gComharchumann) 1488/2001;

Osakeyhtiölaki (Acht na gCuideachtaí faoi Dhliteanais Teoranta) (624/2006); agus

Laki luottolaitostoiminnasta (An tAcht um Institiúidí Creidmheasa) (121/2007).

SE: *Lag om utländska filialer m.m* (An tAcht um Oifigí Brainse Eachtracha) (1992:160);

Aktiebolagslagen (Acht na gCuideachtaí) (2005:551);

An tAcht um Chomhlachas Eacnamaíoch Comhoibritheach (2018:672); An tAcht um Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (1994:1927).

SK: Acht 513/1991 maidir le Cód Tráchtála (Airteagal 21); Acht 455/1991 maidir le Ceadúnú Trádála; agus

Acht Uimh. 404/2011 maidir le Cónaí Eachtrannach (Airteagail 22 agus 32).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir Náisiúnta agus Ceanglais feidhmíochta:

In BG: Féadfaidh fiontair bhunaithe náisiúnaigh tríú tír a fhostú le haghaidh poist nach bhfuil aon cheanglas maidir le náisiúntacht Bhulgárach ina leith. Maidir le líon iomlán na náisiúnach tríú tír atá fostaithe ar conradh fostaíochta i bhfiontar bunaithe thar thréimhse de na 12 mhí roimhe sin, ní rachaidh an líon sin thar 20 %(35 % i gcás fiontar beag agus meánmhéide) de mheánlíon na náisiúnach Bulgárach, náisiúnaigh na mBallstát eile, náisiúnaigh na stát is páirtí i gComhaontú LEE nó Chónaidhm na hEilvéise. Ina theannta sin, ní mór don fhostóir a thaispeáint nach bhfuil aon oibrí Bulgárach, de chuid an Aontais, de chuid LEE nó Eilvéiseach oiriúnach don phost trí thástáil a dhéanamh ar an margadh saothair roimh náisiúnach tríú tír a fhostú.

I dtaca le hoibrithe ardcháilithe, séasúracha agus ar postú, agus i dtaca le fostaithe a aistrítear go hionchorparáideach, taighdeoirí agus mic léinn ní ann d'aon teorainn leis an líon náisiúnach tríú tír a oibríonn i gcomhair aon fhiontar amháin. Ní cheanglaítear tástáil margaidh saothair i gcás náisiúnaigh tríú tír sna catagóirí sin a fhostú.

Bearta:

BG: Acht um Imirce an Lucht Saothair agus um Shoghluaisteacht an Lucht Saothair.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In PL: Ní fhéadfaidh a chuimsiú leis an raon feidhme oibríochtaí de chuid oifige ionadaíche ach fógraíocht agus cur chun cinn na máthairchuideachta eachtraí a ndéanann an oifig ionadaíocht di. Le haghaidh gach earnála cé is moite de sheirbhísí dlí, arna mbunú ag infheisteoirí neamh-AE agus a bhfiontair,ní fhéadfaidh siad bunú a dhéanamh ach amháin i bhfoirm comhpháirtíochta teoranta, comhpháirtíocht theoranta comhstoic, cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta comhstoic, agus, san am céanna, tá rochtain ag infheisteoirí agus fiontair intíre freisin ar na cineálacha cuideachtaí comhpháirtíochta neamhthráchtála (comhpháirtíocht ghinearálta agus comhpháirtíocht dliteanais theoranta).

Bearta:

PL: Acht an 6 Márta 2018 maidir le rialacha i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíoch fiontraithe eachtracha agus daoine eachtracha eile i gcríoch Phoblacht na Polainne.

(b) Eastát réadach a fháil

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá údarú ag na húdaráis réigiúnacha inniúla (Länder) ina cheanglas um éadáil, ceannach agus cíos nó léasú réadmhaoine ag daoine nádúrtha agus fiontair neamh-AE. Ní dheonófar údarú ach má mheastar go bhfuil an éadáil chun leas an phobail (leas eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha go háirithe).

In CY: Ceadaítear do Chipirigh nó daoine de bhunús na Cipire, chomh maith le náisiúnaigh de Bhallstát, réadmhaoin a éadáil sa Chipir gan srianta. Ní fhéadfaidh aon eachtrannach, seachas i gcásanna *mortis causa*, seilbh a fháil ar aon mhaoin dhochorraithe gan cead a fháil ó Chomhairle na n-Airí. Le haghaidh eachtrannach, i gcás ina sáraíonn éadáil réadmhaoine dochorraithe an méid is gá chun áitribh a thógáil do theach nó díon gairmiúil, nó má sháraíonn sé ar bhealach eile méid dhá *donum* (2 676 mhéadar chearnacha), beidh aon cheadúnas arna dheonú ag Comhairle na nAirí faoi réir na dtéarmaí, na dteorainneacha, na gcoinníollacha agus na gcritéar atá socraithe ag Rialacháin arna ndéanamh ag Comhairle na nAirí agus arna bhfaomhadh ag Teach na nIonadaithe. Is é atá in eachtrannach aon duine nach saoránach de Phoblacht na Cipire é, lena n-áirítear cuideachta faoi rialú eachtrach. Ní chuimsítear leis an téarma sin eachtrannaigh de bhunús na Cipire nó céilí neamh-Chipireacha shaoránaigh Phoblacht na Cipire.

In CZ: Baineann rialacha sonracha leis talamh talmhaíochta faoi úinéireacht an stáit. Ní fhéadfaidh ach amháin náisiúnaigh Sheiceacha, náisiúnaigh de Bhallstáit eile, nó de na stáit is páirtí i gComhaontú LEE nó náisiúnaigh de Chónaidhm na hEilvéise talamh talmhaíochta stáit a fháil. Ní fhéadfaidh daoine dlítheanacha talamh talmhaíochta stáit a fháil ón stát ach amháin más fiontraithe talmhaíochta sa Phoblacht Sheiceach iad nó daoine a bhfuil stádas comhionann acu i mBallstát eile, nó i stáit is páirtí i gComhaontú LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise.

In DK: Maidir le daoine nádúrtha nach bhfuil cónaí orthu sa Danmhairg agus nach raibh cónaí orthu roimhe sa Danmhairg ar feadh tréimhse 5 bliana san iomlán, ní mór do na daoine sin i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Éadáil cead a fháil ón Aireacht Dlí agus Cirt chun teideal réadmhaoine a fháil sa Danmhairg. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le daoine dlítheanacha nach bhfuil cláraithe sa Danmhairg. I dtaca le daoine nádúrtha, ceadófar réadmhaoin a fháil má tá an t-iarratasóir chun an réadmhaoin a úsáid mar a phríomháit chónaithe.

I dtaca le daoine nádúrtha nach bhfuil cláraithe sa Danmhairg, ceadófar réadmhaoin a fháil i gcoitinne i gcás inar réamhriachtanas le haghaidh ghníomhaíochtaí gnó an cheannaitheora atá san éadáil. Tá cead de dhíth freisin má tá an t-iarratasóir chun an réadmhaoin a úsáid mar theaghais thánaisteach. Ní thabharfar an céad sin ach amháin i gcás ina meastar, tar éis measúnú foriomlán nithiúil a dhéanamh, go bhfuil naisc láidre ar leith ag an iarratasóir leis an Danmhairg.

Ní dheonaítear cead faoin Acht Éadála ach chun réadmhaoin ar leithligh a fháil. Rialaítear éadáil talún talmhaíochta ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha leis an Acht Danmhargach ar Réadmhaoin Talmhaíochta, ina bhforchuirtear srianta ar gach duine, bíodh sé ina Dhanmhargach nó ina eachtrannach, agus maoin talmhaíochta á fáil. Dá réir sin, ní mór d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, ar mian leis réadmhaoin talmhaíochta a fháil, na ceanglais san Acht seo a chomhlíonadh. Go ginearálta, ciallaíonn sin go bhfuil feidhm ag ceanglas cónaithe teoranta ar an ngabháltas talmhaíochta. An ceanglas cónaithe, ní ceanglas pearsanta é. Ní mór eintitis dhlítheanacha a bheith de na cineálacha a liostaítear in § 20 agus § 21 den Acht agus ní mór iad a bheith cláraithe san Aontas nó in LEE.

In EE: Tá an ceart ag duine dlítheanach de chuid Bhallstát ECFE réadmhaoin a fháil ina bhfuil an méid seo a leanas:

(i) níos lú ná deich heicteár talún talmhaíochta, foraoise nó de thalamh talmhaíochta agus foraoise san iomlán gan bhacainní;

(ii) deich heicteár nó níos mó talún talmhaíochta má bhí an duine dlítheanach ag gabháil, ar feadh trí bliana díreach roimh an mbliain a ndearnadh idirbheart chun an réadmhaoin a fháil, de tháirgeadh na dtáirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cé is moite de tháirgí iascaigh agus de chadás ('táirge talmhaíochta').

(iii) deich heicteár nó níos mó talún foraoise má bhí an duine dlítheanach ag gabháil, ar feadh trí bliana díreach roimh an mbliain a ndearnadh idirbheart chun an réadmhaoin a fháil, de bhainistiú foraoise de réir bhrí an Achta Foraoise (dá ngairtear 'bainistiú foraoise' anseo feasta) nó de tháirgí talmhaíochta a tháirgeadh.

(iv) deich heicteár nó níos lú talún talmhaíocht agus níos lú ná deich heicteár talún foraoise, ach deich heicteár nó níos mó talún talmhaíochta agus foraoise san iomlán má bhí an duine dlítheanach ag gabháil, ar feadh trí bliana díreach roimh an mbliain a ndearnadh idirbheart chun an réadmhaoin a fháil, de tháirgí talmhaíochta a tháirgeadh nó de bhainistiú foraoise.

Mura gcomhlíonann duine dlítheanach na ceanglais dá bhforáiltear i bhfomhíreanna (ii), (iii) agus (iv), ní fhéadfaidh an duine dlítheanach réadmhaoin a fháil ina bhfuil deich heicteár nó níos mó talún talmhaíochta, talún foraoise nó talún talmhaíochta agus foraoise san iomlán ach amháin le húdarú ó chomhairle rialtais áitiúil na háite ina bhfuil an réadmhaoin le fáil.

Maidir le náisiúnaigh neamh-LEE, tá srianta ar réadmhaoin a fháil i limistéir gheografacha áirithe.

In EL: Maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil a náisiúntacht nó a mbunáit lasmuigh de na Ballstáit nó de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, tá cosc ar éadáil réadmhaoine nó ar thionóntacht sna réigiúin cois teorann. Féadfar an cosc sin a fhuascailt le cinneadh lánroghnach a dhéanfaidh coiste iomchuí an Riaracháin Dhílárithe (nó an tAire Cosanta Náisiúnta i gcás inar leis an gCiste um Maoin Phoiblí Phríobháideach a Shaothrú an mhaoin atá le saothrú).

In HR: Ní cheadaítear do chuideachtaí eachtracha réadmhaoin a fháil chun seirbhísí a sholáthar ach má tá siad bunaithe agus corpraithe sa Chróit mar dhaoine dlítheanacha. Tá faomhadh ón Aireacht Dlí agus Cirt ina cheanglas um éadáil na réadmhaoine is gá chun seirbhísí a sholáthar ag brainsí. Ní fhéadfaidh eachtrannaigh talamh talmhaíochta a fháil.

In MT: Ní fhéadfaidh daoine nach náisiúnaigh de Bhallstát iad réadmhaoin a fháil chun críoch tráchtála. Ní mór do chuideachtaí ag a bhfuil 25 % (nó níos mó) de scairsheilbh neamh-AE údarú a fháil ón údarás inniúil (an tAire atá freagrach as Airgeadas) chun réadmhaoin a cheannach chun críoch tráchtála nó gnó. Socróidh an t-údarás inniúil an é atá san éadáil atá beartaithe glantairbhe do gheilleagar Mhálta.

In PL: Tá ceadúnas ina cheanglas um éadáil réadmhaoine, idir éadáil dhíreach agus indíreach, ag eachtrannaigh. Eisítear ceadúnas trí chinneadh riaracháin ag aire atá inniúil i ngnóthaí inmheánacha, le cead an Aire Cosanta Náisiúnta, agus i gcás réadmhaoin talmhaíochta, le cead an Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe freisin.

Bearta:

AT: Burgenländisches Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 25/2007;

Kärntner Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 9/2004;

NÖ- Kärntner Grundverkehrsgesetz, LGBL. 6800;

OÖ- Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 88/1994;

Salzburger Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 9/2002;

Steiermärkisches Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 134/1993;

Tiroler Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 61/1996;

Voralberger Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 42/2004; agus

Wiener Ausländergrundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 11/1998.

CY: An Dlí ar Fháil Réadmhaoine (Eachtrannaigh) (Caibidil 109), arna leasú.

CZ: Acht Uimh. 503/2012, Coll. ar an Oifig Talún Stáit arna leasú.

DK: An tAcht Danmhargach um Réadmhaoin a Éadáil (Gníomh Comhdhlúite Uimh. 265 an 21 Márta 2014 maidir le Réadmhaoin a Éadáil);

An tOrdú Feidhmiúcháin um Éadáil (Ordú Feidhmiúcháin Uimh. 764 an 18 Meán Fómhair 1995); agus

An tAcht um Ghabháltais Talmhaíochta (Acht Comhdhlúite Uimh. 27 an 4 Eanáir 2017).

EE: Kinnisasja omandamise kitsendamise seadus (An tAcht um Shrianta ar Éadáil Luacha Réadmhaoine) Caibidil 2 § 4, Caibidil 3§ 10, 2017.

EL: Dlí 1892/1990, mar atá sé inniu, i gcomhar, a mhéid a bhaineann leis an iarratas, leis an gcinneadh ón aire F.110/3/330340/S.120/7-4-14 ón Aire Cosanta Náisiúnta agus ón Aire Cosanta Saoránach.

HR: An tAcht um Úinéireacht agus Cearta Dílseánaigh eile (OG 91/96, 68/98, 137/99, 22/00, 73/00, 129/00, 114/01, 79/06, 141/06, 146/08, 38/09, 143/12, 152/14), Airteagail 354 go 358.b; An tAcht um Thalamh Talmhaíochta (OG 20/18, 115/18, 98/19), Airteagal 2; an tAcht um Nós Imeachta Riaracháin Ginearálta.

MT: An tAcht um Réadmhaoin (Éadáil ag Neamhchónaitheoirí) (Cap. 246); agus Prótacal Uimh. 6 de Chonradh Aontachais AE maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a fháil i Málta.

PL: Dlí an 24 Márta 1920 ar Éadáil Réadmhaoine ag Eachtrannaigh (Iris Dlíthe 2016, mír 1061 arna leasú).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In HU: Tá ceannach réadmhaoine ag neamhchónaitheoirí faoi réir údarú a fháil ón údarás riaracháin iomchuí atá freagrach as ionad geografach na réadmhaoine.

Bearta:

HU: Foraithne Rialtais Uimh. 251/2014 (X. 2.) ar Éadáil an mhéid seo ag Náisiúnaigh Eachtracha Eastát réadach seachas Talamh a Úsáideadh chun Críocha Talmhaíochta nó Foraoiseachta; agus Acht LXXVIII 1993 (Mír 1/A).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair:

In LV: Ceadaítear éadáil talún uirbí ag náisiúnaigh den tSile trí dhaoine dlítheanacha atá cláraithe sa Laitvia nó i mBallstáit eile:

(i) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais faoi úinéireacht náisiúnach de Bhallstáit, rialtas na Laitvia nó bardais, ar leithligh nó san iomlán;

(ii) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais faoi úinéireacht daoine nádúrtha agus cuideachtaí tríú tíre lena bhfuil comhaontuithe déthaobhacha tugtha i gcrích ag an Laitvia faoi thionscain agus chosaint chómhalartach infheistíochtaí agus a d'fhaomh Parlaimint na Laitvia roimh an 31 Nollaig 1996;

(iii) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais i seilbh daoine nádúrtha agus cuideachtaí tríú tíre lena bhfuil comhaontuithe déthaobhacha tugtha i gcrích ag an Laitvia faoi thionscain agus chosaint chómhalartach infheistíochtaí tar éis an 31 Nollaig 1996; má socraíodh sna chomhaontuithe sin cearta daoine nádúrtha agus cuideachtaí Laitviacha maidir le héadáil talún sa tríú tír lena mbaineann;

(iv) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais i gcomhsheilbh daoine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iii); nó

(v) ar cuideachtaí comhstoic poiblí iad, má luaitear a gcuid scaireanna iontu ar an stocmhalartán.

I gcás ina gceadaíonn an tSile do náisiúnaigh agus d'fhiontair de chuid na Laitvia réadmhaoin uirbeach a cheannach ina críocha, ceadóidh an Laitvia do náisiúnaigh agus d'fhiontair na Sile réadmhaoin uirbeach a cheannach sa Laitvia faoi na coinníollacha céanna agus a bhaineann le náisiúnaigh na Laitvia.

Bearta:

LV: Dlí ar athchóiriú talún i gcathracha Phoblacht na Laitvia, Ranna 20 agus 21.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair:

In DE: Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha áirithe cómhalartachta maidir le héadáil réadmhaoine.

In ES: I gcás infheistíocht eachtrach i ngníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le hinfheistíochtaí réadmhaoine, tá údarú riaracháin ó Chomhairle Airí na Spáinne ina cheanglas ar mhisin taidhleoireachta ó stáit nach Ballstáit iad, mura bhfuil comhaontú cómhalartach um léirscaoileadh i bhfeidhm.

In RO: Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha, daoine gan stát agus daoine dlítheanacha (seachas náisiúnaigh agus daoine dlítheanacha de Bhallstát LEE) cearta réadmhaoine chun tailte a shealbhú, faoi na coinníollacha arna rialáil ag conarthaí idirnáisiúnta, bunaithe ar chómhalartacht. Ní fhéadfaidh náisiúnaigh eachtracha, daoine gan stát ná daoine dlítheanacha eachtracha an ceart réadmhaoine chun tailte a shealbhú, faoi choinníollacha atá níos fabhraí ná na cinn is infheidhme maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha an Aontais Eorpaigh.

Bearta:

DE: Einführungsgesetz zum Bürgerlichen Gesetzbuche (EGBGB; An Dlí Réamhráiteach a ghabhann leis an gCód Sibhialta.

ES: Foraithne Ríoga 664/1999 an 23 Aibreán 1999 a bhaineann le hinfheistíocht eachtrach.

RO: Dlí 17/2014 maidir le bearta áirithe lena rialaítear díol agus ceannach talún talmhaíochta atá lonnaithe lasmuigh den bhaile agus lena leasaítear; agus

Dlí Uimh. 268/2001 maidir le príobháidiú cuideachtaí ar leo talamh faoi úinéireacht phoiblí agus faoi bhainistíocht phríobháideach an stáit le haghaidh talmhaíochta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Fearann an Stáit, agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla (seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí dlí; gníomhaire paitinní, gníomhaire maoine tionsclaíche, aturnae maoine intleachtúla; seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta; seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí comhairleacha cánachais; seirbhísí ailtireachta agus seirbhísí pleanála uirbí; seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite
Aicmiú tionscail:	CPC 861, 862, 863, 8671, 8672, 8673, 8674, cuid de 879
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil/Roinn:	Léirscaoileadh infheistíochta, Trádáil trasteorann i seirbhísí
Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) Seirbhísí dlí (cuid de CPC 861) [1]

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir leis na Príomhnótaí, go háirithe mír 9, d'fhéadfadh a bheith sna ceanglais maidir le clárú le Barra ceanglas maidir le céim sa dlí a bheith bainte amach sa dlínse óstach nó a coibhéis, nó ceanglas maidir le roinnt oiliúna a bheith déanta faoi mhaoirseacht dlíodóra cheadúnaithe, nó oifig nó seoladh poist a bheith suite laistigh de dhlínse Barra shonraigh chun bheith incháilithe chun cur isteach ar bhallraíocht sa Bharra sin. Féadfaidh roinnt Ballstát an ceanglas a fhorchur ar na daoine nádúrtha sin a bhfuil poist áirithe acu laistigh de ghnólacht, cuideachta nó fiontar dlí nó ar scairshealbhóirí, maidir leis an gceart a bheith acu dlí an dlínse óstaigh a chleachtadh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: Ní fhéadfaidh ach amháin cleachtóirí dlí atá cáilithe i gceann de Bhallstáit LEE agus a bhfuil a n-áit ghnó laistigh de LEE acu ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha os comhair Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), a mhéid atá sé de cheart acu, laistigh den Bhallstát sin, gníomhú mar ionadaithe i gcúrsaí trádmhairc nó in ábhair a bhaineann le maoin thionsclaíoch, agus ar ionadaithe gairmiúla iad a bhfuil a n-ainmneacha ar an liosta arna choinneáil ag EUIPO chun na críche sin. (Cuid de CPC 861).

In AT: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chomh maith le cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní cheadaítear ach do dhlíodóirí a bhfuil náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach acu seirbhísí dlí a sholáthar trí láithreacht thráchtálach. Ní cheadaítear cleachtas seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus le dlí na tíre baile ach ar bhonn trasteorann. Ceadaítear suas le 25 % de rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtoradh oibriúcháin aon dlíghnólachta ag dlíodóirí eachtracha (nach mór dóibh a bheith lánchailithe ina ndlíchóras baile); ní mór do dhlíodóirí LEE nó dlíodóirí na hEilvéise atá cáilithe go hiomlán an chuid eile a bheith acu agus ní fhéadfaidh ach dlíodóirí de chuid na hEilvéise atá cáilithe go hiomlán tionchar cinntitheach a imirt i gcinnteoireacht an ghnólachta dlí.

In BE: (i ndáil le cóir an náisiún barrfhabhair freisin) Tá cónaitheacht ina ceanglas le haghaidh glaoch iomlán chun an Bharra, agus tá sí riachtanach chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí intíre na Beilge, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Is é 6 bliana ar a laghad atá sa cheanglas cónaithe d'aturnae eachtrach chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil, is é sin 6 bliana ón dáta ar a ndéantar iarratas ar chlárú, sin nó 3 bliana faoi réir coinníollacha áirithe. An ceanglas go mbeadh seilbh ar dheimhniú arna eisiúint ag Aire Gnóthaí Eachtracha na Beilge faoina gceadaíonn an dlí náisiúnta nó an coinbhinsiún idirnáisiúnta cómhalartacht (coinníoll cómhalartachta).

Féadfaidh dlíodóirí eachtracha cleachtadh mar shainchomhairleoirí dlí. Dlíodóirí ar baill iad de Bharraí eachtrannacha (neamh-AE) agus ar mian leo a bhunú sa Bheilg ach nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh clárú ar *Tableau* dlíodóirí lánchailithe, ar liosta AE nó ar Liosta na nDlíodóirí faoi Oiliúint, féadfaidh siad clárú a iarraidh ar an 'B-Liosta'. Is ag Barra na Bruiséile amháin atá 'B-List'. Tá cead ag dlíodóir ar an B-liosta comhairle a thabhairt. Tá ionadaíocht os comhair an '*Cour de Cassation*' faoi réir ainmniúchán ar liosta sonrach.

In BG (maidir le Cóir an náisiúin barrfhabhair): atá forchoimeádta do náisiúnaigh de Bhallstát, nó de chuid Stáit eile is páirtí i gComhaontú LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise, ar deonaíodh údarú dóibh gairm an dlíodóra a chleachtadh de réir reachtaíocht de chuid aon cheann de na tíortha réamhluaite. Féadfaidh náisiúnach eachtrach (seachas an méid atá luaite thuas) ar údaraíodh dó nó di gairm an dlíodóra a chleachtadh i gcomhréir le reachtaíocht a thíre féin, achomharc a dhéanamh os comhair comhlachtaí breithiúnacha Phoblacht na Bulgáire mar chomhlacht cosanta nó mansonraíocht

[1] Chun críocha an fhorchoimeádais seo:
(a) ciallaíonn 'dlí intíre' dlí an Bhallstáit shonraigh agus dlí an Aontais Eorpaigh;
(b) eisiatar le 'dlí idirnáisiúnta poiblí' dlí an Aontais Eorpaigh agus áirítear leis an dlí arna bhunú le conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, chomh maith le dlí idirnáisiúnta an ghnáis;
(c) áirítear i 'comhairleoireacht dhlíthiúil' comhairle a sholáthar do chliaint agus dul i gcomhairle leo maidir le hábhair, lena n-áirítear idirbhearta, caidrimh agus díospóidí, lena mbaineann cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an dlí; rannpháirtíocht le cliaint nó thar ceann cliant in idirbheartaíocht agus déileálacha eile le tríú páirtithe maidir leis na hábhair sin; agus doiciméid a ullmhú a rialaítear go hiomlán nó go páirteach leis an dlí, agus doiciméid d'aon chineál a fhíorú chun críocha an dlí agus i gcomhréir le ceanglais an dlí;
(d) áirítear i 'ionadaíocht dhlíthiúil' doiciméid a ullmhú a bheartaítear a chur faoi bhráid gníomhaireachtaí riaracháin, na gcúirteanna nó binsí oifigiúla eile atá comhdhéanta mar is cuí; agus láithriú os comhair gníomhaireachtaí riaracháin, na gcúirteanna nó binsí oifigiúla eile atá comhdhéanta mar is cuí;
(e) ciallaíonn 'eadráin dhlíthiúil, idir-réiteach dlíthiúil agus idirghabháil dhlíthiúil' doiciméid a ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid eadránaí, comhréiteora nó idirghabhálaí, nó ullmhúchán lena n-aghaidh agus láithriú os a gcomhair, in aon díospóid lena mbaineann cur i bhfeidhm agus léiriú an dlí;. ní áirítear seirbhísí eadrána idir-réitigh agus idirghabhála i ndíospóidí nach bhfuil cur i bhfeidhm ná léirmhíniú an dlí i gceist leo, a thagann faoi sheirbhísí a ghabhann le comhairliúchán bainistíochta; ní áirítear leis ach oiread gníomhú mar eadránaí, mar chomhréiteoir ná mar idirghabhálaí; mar fhochatagóir, tagraíonn seirbhísí eadrána dlíthiúla idirnáisiúnta, seirbhísí idir-réitigh dlíthiúla idirnáisiúnta nó seirbhísí idirghabhála dlíthiúla idirnáisiúnta do na seirbhísí céanna nuair a bhaineann an díospóid le páirtithe ó dhá thír nó níos mó.

náisiúnaigh dá thír féin, ag gníomhú dó nó di ar chás sonrach, in éineacht le haturnae faoi dhlí na Bulgáire, i gcás ina bhfuil sé beartaithe é sin a dhéanamh i gcomhaontú idir an Bhulgáir agus an stát eachtrach faoi seach, nó an Cathaoirleach ar bhonn frithpháirteach, ag déanamh réamhiarraidh ar an gComhairle. Ainmneoidh an tAire Dlí agus Cirt tíortha a bhfuil frithpháirteacht ann ina leith, arna iarraidh sin do Chathaoirleach Chomhairle an Bharra Uachtarach. Chun idirghabháil dhlíthiúil a sholáthar, ní mór cead cónaithe fadtéarmaigh nó buanchónaithe i bPoblacht na Bulgáire a bheith ag náisiúnach eachtrach agus é a bheith curtha isteach i gClár Aonfhoirmeach na nIdirghabhálaithe leis an Aire Dlí agus Cirt.

In CY: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chomh maith le cónaitheacht (láithreacht thráchtálach). Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra a bheith ina gcomhpháirtithe, ina scairshealbhóirí nó ina mbaill den bhord stiúrthóirí i gcuideachta dlí sa Chipir.

In CZ: Ní mór glaoch iomlán chun an Bharra a bheith ag duine. Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Le haghaidh gach seirbhís dlí, tá cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) ag teastáil.

In DE: Ní féidir cead isteach chuig an mBarra a thabhairt ach do dhlíodóirí a bhfuil cáilíocht LEE nó Eilvéiseach acu, agus atá i dteideal, dá bhrí sin, seirbhísí dlí a sholáthar i leith an dlí intíre. Tá gá le láithreacht thráchtálach chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Féadfaidh an comhlachas barra inniúil díolúintí a dheonú. I gcomhair dlíodóirí eachtracha (a bhfuil cáilíochtaí acu nach cáilíochtaí LEE nó Eilvéiseacha iad), d'fhéadfadh srianta a bheith ar scaireanna a shealbhú i gcuideachta dlíodóirí a chuireann seirbhísí dlí sa dlí intíre ar fáil. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha seirbhísí sa dlí eachtrach agus sa dlí idirnáisiúnta poiblí a thairiscint nuair a chruthaíonn siad go bhfuil saineolas acu; ní mór clárú chun seirbhísí sa dlí a chur ar fáil sa Ghearmáin..

In DK: Tá seirbhísí dlí a sholáthraítear faoin teideal 'advokat' (abhcóide) nó aon teideal comhchosúil, mar aon le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna, forchoimeádta d'abhcóidí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun cleachtadh a dhéanamh. Féadfaidh abhcóidí an Aontais, LEE agus na hEilvéise cleachtadh faoi theideal a dtíre tionscnaimh.

Ní féidir scaireanna i ngnólacht dlí a bheith faoi úinéireacht ach ag abhcóidí a chleachtann an dlí go gníomhach sa ghnólacht, ina mháthairchuideachta nó ina fhochuideachta, fostaithe eile sa ghnólacht, nó gnólacht dlí eile atá cláraithe sa Danmhairg. Maidir le fostaithe eile sa chuideachta, ní fhéadtar úinéireacht a bheith acu ach ar níos lú ná 10 % de na scaireanna agus na cearta vótála agus chun gur scairshealbhóirí iad ní mór dóibh pas a fháil i scrúdú ar na rialacha a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir le cleachtadh dlí.

Ní féidir ach abhcóidí a chleachtann dlí go gníomhach sa chuideachta, sa mháthairchuideachta nó i bhfochuideachta, scairshealbhóirí eile agus ionadaithe fostaithe a bheith ina gcomhaltaí den bhord. Caithfidh tromlach bhaill an bhoird a bheith ina n-abhcóidí a chleachtann an dlí go gníomhach sa ghnólacht, ina máthairchuideachta nó ina fochuideachta. Ní fhéadann ach abhcóidí a chleachtann an dlí go gníomhach sa ghnólacht dlí, ina máthairchuideachta nó ina fochuideachta, nó scairshealbhóirí eile a fuair pas sa scrúdú a luaitear thuas, a bheith ina stiúrthóirí den ghnólacht dlí.

In EE: Teastaíonn cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), agus chun bheith rannpháirteach in ionadaíocht in imeachtaí coiriúla os comhair na Cúirte Uachtaraí.

In EL: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

In ES: Ceanglaítear náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh an dlí baile, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh na húdaráis inniúla tarscaoiltí náisiúntachta a dheonú. Tá seoladh gnó ag teastáil chun aon seirbhís dlí a sholáthar.

In FI: Tá cónaitheacht in LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise agus ballraíocht den Bharra ina gceanglas le haghaidh úsáid an teidil ghairmiúil 'abhcóide' (san Fhionlainnis 'asianajaja' nó sa tSualainnis 'advokat'). Féadfaidh comhaltaí nach comhaltaí den Bhar iad seirbhísí dlí a sholáthar chomh maith, dlí intíre na Fionlainne san áireamh.

In FR: Tá cónaitheacht nó bunaíocht in LEE ina ceanglas le haghaidh glaoch iomlán chun an Bharra, agus tá sí riachtanach chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh an dlí intíre, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá an ionadaíocht roimh an '*Cour de Cassation*' agus '*Conseil d'Etat*' faoi réir cuótaí agus forchoimeádta do náisiúnaigh na

Fraince agus an Aontais. Féadfaidh comhaltaí Bharra na Sile clárú mar shainchomhairleoir dlí eachtrach sa Fhrainc chun seirbhísí áirithe dlí a thairiscint sa Fhrainc ar bhonn sealadach nó ar bhonn buan, i dtaca le dlí na Sile agus leis an dlí idirnáisiúnta poiblí. Ceanglaítear seoladh gnó laistigh de dhlínse Bharra na Fraince nó clárú nó bunaíocht in LEE chun cleachtadh ar bhonn buan.

In HR: Teastaíonn náisiúntacht de chuid an Aontais Eorpaigh chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. In imeachtaí a bhaineann leis an dlí idirnáisiúnta poiblí, féadfaidh dlíodóirí eachtracha atá ina mbaill dá gcumann barra tíre baile ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtithe os comhair cúirteanna eadrána agus cúirteanna *ad hoc*. Ní féidir ach le dlíodóir a bhfuil teideal dlíodóra na Cróite aige gnólacht dlí a bhunú (is féidir le gnólachtaí Sile brainsí a bhunú, nach bhféadfaidh dlíodóirí na Cróite a fhostú).

In HU: Tá glaoch iomlán chun an Bharra faoi réir náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheachta (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí intíre (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha comhairle dlí a chur ar fáil maidir le dlí na tíre baile agus leis an dlí idirnáisiúnta poiblí i gcomhpháirtíocht le haturnae Ungárach nó le gnólacht dlí. Tá gá le conradh comhair a thugtar i gcrích le haturnae de chuid na hUngáire (*ügyvéd*) nó le gnólacht dlí (*ügyvédi iroda*). Ní féidir le comhairleoir dlí eachtrach a bheith ina chomhalta de ghnólacht dlí Ungárach. Níl dlíodóir eachtrach údaraithe chun doiciméid a ullmhú atá le cur faoi bhráid eadránaí, comhréiteora nó idirghabhálaí in aon díospóid, nó chun gníomhú mar ionadaí dlíthiúil an chliaint os comhair eadránaí, comhréiteora nó idirghabhálaí.

In LT: (maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair): Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí intíre (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Ní féidir le haturnaetha as tíortha eachtrannacha cleachtadh a dhéanamh mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

In LU (Maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí intíre (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Féadfaidh Comhairle an Oird, ar bhonn na cómhalartachta, aontú an ceanglas náisiúntachta a tharscaoileadh do náisiúnach eachtrach.

In LV (Maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): Ceanglaítear náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chun an dlí intíre a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní féidir le haturnaetha as tíortha eachtrannacha cleachtadh a dhéanamh mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha ar chúnamh dlí frithpháirteach.

Le haghaidh abhcóidí as Ballstáit an Aontais nó abhcóidí eachtracha, tá ceanglais speisialta i gceist. Mar shampla, níl rannpháirtíocht in imeachtaí cúirte i gcásanna coiriúla ceadaithe ach i dteannta le habhcóid as Collegium Laitviach na nAbhcóidí faoi bhrí Mionna.

In MT: Teastaíonn náisiúntacht LEE nó na hEilvéise chomh maith le cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí intíre, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

In NL: Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí atá cláraithe i gclárlann na hÍsiltíre an teideal 'advocaat' a úsáid. In áit an téarma iomlán 'advocaat' a úsáid, tá sé mar oibleagáid ar dlíodóirí eachtracha (neamhchláraithe) eagraíocht ghairmiúil a dtíre dúchais a úsáid chun críocha a gcuid gníomhaíochtaí san Ísiltír.

In PT (Maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): ceanglaítear cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun dlí intíre na Portaingéile a chleachtadh. Maidir le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna, tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas. Féadfaidh eachtrannaigh a bhfuil dioplóma acu a bhronn aon Dámh Dlí sa Phortaingéil, clárú le Barra na Portaingéile (Ordem dos Advogados), faoi na téarmaí céanna le náisiúnaigh na Portaingéile, má thugann a dtír sin cóir chómhalartach do náisiúnaigh na Portaingéile.

Féadfaidh eachtrannaigh eile a bhfuil Céim sa Dlí acu atá aitheanta ag Dámh Dlí sa Phortaingéil clárú mar chomhaltaí de Chumann an Bharra ar choinníoll go dtéann siad faoin oiliúint a cheanglaítear agus a fhaigheann pas sa scrúdú measúnaithe agus iontrála deiridh. Comhlachtaí dlí ar le dlíodóirí a glaodh chun Barra na Portaingéile na scaireanna uile iontu, agus na comhlachtaí sin amháin, is féidir cleachtadh sa Phortaingéil.

Ceadaítear comhairliúchán dlíthiúil in aon réimse den dlí idirnáisiúnta eachtrach agus poiblí ag dlí-eolaithe a bhfuil fiúntas aitheanta acu, máistrí agus dochtúirí sa dlí (fiú mura dlíodóirí iad agus más ollúna neamh-ollscoile iad), ar choinníoll go bhfuil a n-áit chónaithe ghairmiúil acu (‘*domiciliação*’) in PT, go bhfaigheann siad pas i scrúdú iontrála agus go bhfuil siad cláraithe sa Bharra.

In RO: Ní fhéadfaidh dlíodóir eachtrach conclúidí béil ná scríofa a dhéanamh os comhair na gcúirteanna ná comhlachtaí breithiúnacha eile, ach amháin le haghaidh eadrána idirnáisiúnta.

In SE: (maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair) Tá cónaí in LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise ina cheanglas le haghaidh cead isteach sa Bharra agus úsáid an teidil ‘advokat’. Féadfaidh Comhlachas Bharra na Sualainne díolúintí a dheonú. Níl gá le cead isteach chuig an mBarra chun dlí intíre na Sualainne a chleachtadh. Ní fhéadfaidh comhalta de Chomhlachas Bharra na Sualainne a bheith fostaithe ag aon duine seachas ball den Bharra nó cuideachta a dhéanann gnó thar ceann comhalta Barra. Féadfaidh ball den bharra a bheith fostaithe ag cuideachta eachtrach a dhéanann gnó abhcóide, áfach, ar choinníoll go bhfuil sainchónaí ar an gcuideachta atá i gceist i dtír laistigh den Aontas Eorpach, de LEE, nó den Eilvéis. Faoi réir díolúine ó Bhord Chomhlachas Bharra na Sualainne, féadfar comhalta de Chomhlachas Bharra na Sualainne a bheith fostaithe freisin ag gnólacht dlí nach bhfuil san Aontas Eorpach.

Ní fhéadfaidh comhaltaí Barra a dhéanann a gcuid gnó i bhfoirm cuideachta nó comhpháirtíochta aon chuspóir eile a bheith acu agus ní fhéadfaidh siad aon ghnó eile a dhéanamh seachas cleachtas abhcóide. Tá comhoibriú le gnóthais abhcóide eile ceadaithe, ach tá cead ó Bhord Chomhlachas Bharra na Sualainne ina cheanglas chun oibriú i gcomhair le gnóthais eachtracha. Ní fhéadfaidh ach ball den Bharra cleachtadh mar abhcóide go díreach nó go hindíreach, nó trí mheán cuideachta, a bheith ina úinéir scaireanna sa chuideachta nó a bheith ina chomhpháirtí. Ní fhéadfaidh ach ball a bheith ina bhall nó ina bhall ionaid den bhord nó ina leas-stiúrthóir bainistíochta, nó ina shínitheoir údaraithe nó rúnaí de chuid na cuideachta nó na comhpháirtíochta.

In SI (maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair): I dtaca le hionadaíocht a dhéanamh ar chliaint os comhair na cúirte i gcoinne íocaíochta, tá sin faoi choinníoll láithreacht tráchtála i bPoblacht na Slóivéine. Féadfaidh dlíodóir eachtrach a bhfuil sé de cheart aige an dlí a chleachtadh i dtír eachtrach seirbhísí dlí a sholáthar nó an dlí a chleachtadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34a den Acht Aturnaetha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníoll na cómhalartachta iarbhíre.

Tá láithreacht tráchtála d’aturnaetha ceaptha ag Comhlachas Barra na Slóivéine srianta do dhílseánacht aonair, gnólacht dlí faoi dhliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó do ghnólacht dlí faoi dhliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht) amháin. Is go cleachtadh an dlí a bheidh gníomhaíochtaí gnólachta dlí srianta. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí.

In SK (maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair): Teastaíonn náisiúntacht LEE chomh maith le cónaitheacht (láithreacht tráchtála) i bPoblacht na Slóvaice chun seirbhísí dlí a chleachtadh i leith dlí intíre, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair cúirteanna. I gcomhair dlíodóirí neamh-AE tá cómhalartacht iarbhír ina cheanglas.

Bearta:

AE: Airteagal 120 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

Airteagal 78 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 ([3]).

AT: *Rechtsanwaltsordnung* (Acht na nDlíodóirí) - RAO, RGBl. Uimh. 96/1868, Airteagal 1 agus Airteagal 21c.; *Rechtsanwaltsgesetz* – EIRAG, BGBl. Uimh. 27/2000 arna leasú; § 41 EIRAG.

BE: Cód Breithiúnach na Beilge (Airteagail 428-508); Foraithne Ríoga an 24 Lúnasa 1970.

([2]) Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO L 3, 5.1.2002, lch. 1.).

BG: Dlí Aturnae; An Dlí maidir le hIdirghabháil; agus an Dlí le haghaidh na Nótairí agus na Gníomhaíochta Nótaire.

CY: Dlí Abhcóidí (Caibidil 2), arna leasú.

CZ: Acht Uimh. 85/1996 Coll., an tAcht ar an nGairm Dlí.

DE: *Bundesrechtsanwaltsordnung* (BRAO; Acht na nDlíodóirí Cónaidhme);

Gesetz über die Tätigkeit europäischer Rechtsanwälte in Deutschland (EuRAG); agus § 10 *Rechtsdienstleistungsgesetz* (RDG).

DK: *Retsplejeloven* (An tAcht um Riaradh Ceartais) caibidlí 12 agus 13 (Acht Comhdhlúite Uimh. 1284 an 14 Samhain 2018).

EE: *Advokatuuriseadus* (An tAcht um Chomhlachas Barra);*Tsiviilkohtumenetluse seadustik* (Cód an Nós Imeachta Shibhialta); *halduskohtumenetluse seadustik* (Cód Nós Imeachta na Cúirte Riaracháin); *kriminaalmenetluse seadustik* (Cód an Nós Imeachta Choiriúil); agus *väärteomenetluse seadustik* (Cód an Nóis Imeachta Oilghnímh).

EL: An Cód Nua Dlíodóirí Uimh. 4194/2013.

ES: Estatuto General de la Abogacía Española, aprobado por Real Decreto 658/2001, Airteagal 13.1ª.

FI: Laki asianajajista (Acht na nAbhcóidí) (496/1958), 1 agus 3 §; agus Oikeudenkäymiskaari (4/1734) (Cód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh).

FR: Loi 71-1130 du 31 décembre 1971, Loi 90-1259 du 31 décembre 1990 and Ordonnance du 10 septembre 1817 modifiée.

HR: An tAcht um Ghairm an Dlí (OG 9/94, 117/08, 75/09, 18/11).

HU: Acht LXXVIII de 2017 maidir le gníomhaíochtaí gairmiúla aturnaetha ag an dlí.

LT: Dlí ar Bharra Phoblacht na Liotuáine an 18 Márta 2004 Uimh. IX-2066 arna leasú go deireanach an 12 Nollaig 2017 le dlí Uimh. XIII-571.

LU: Loi du 16 décembre 2011 modifiant la loi du 10 août 1991 sur la profession d'avocat.

LV: Dlí ar Nós Imeachta Coiriúil, s. 79; agus Dlí Abhcóideachta Phoblacht na Laitvia, s. 4.

MT: An Cód Eagrúcháin agus Nós Imeachta Shibhialta (Cap. 12).

NL: Advocatenwet (Acht ar Abhcóidí).

PT: Dlí 145/2015, 9 set., alterada p/ Lei 23/2020, 6 jul. (art.º 194 substituído p/ art.º 201.; e art.º 203.º substituído p/ art.º 213.º);

Reacht Bharra na Portaingéile (Estatuto da Ordem dos Advogados) agus Dlí Foraithne 229/2004, Airteagail 5, 7 – 9; Dlí Foraithne 88/2003, Airteagail 77 agus 102; Solicitadores Public Professional Association Statute (Estatuto da Câmara dos Solicitadores), arna leasú le Dlí 49/2004, mas alterada p/ Lei 154/2015, 14 set; le Dlí 14/2006 agus le Dlí Foraithne Uimh.º226/2008 alterado p/ Lei 41/2013, 26 jun;

Dlí 78/2001, Airteagail 31, 4 Alterada p/ Lei 54/2013, 31 jul.; Rialáil ar idirghabháil teaghlaigh agus saothair (Ordanás 282/2010), alterada p/ Portaria 283/2018, 19 out; Dlí 21/2007 ar idirghabháil chóiriúil, Airteagal 12; Dlí 22/2013, 26 fev., alterada p/ Lei 17/2017, 16 maio, alterada pelo Decreto-Lei 52/2019, 17 abril.

RO: Dlí Aturnae; An Dlí maidir le hIdirghabháil; agus an Dlí le haghaidh na Nótairí agus Gníomhaíochta Nótaire.

SE: Rättegångsbalken (Cód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh sa tSualainnis) (1942:740); agus Cód Iompair Chomhlachas Bharra na Sualainne a glacadh 29 Lúnasa 2008.

SI: Zakon o odvetništvu (Neuradno prečiščeno besedilo-ZOdv-NPB8 Državnega Zbora RS z dne 7 junij 2019 (Acht na nAturnaetha) téacs comhdhlúite neamhoifigiúil arna ullmhú ag Parlaimint na Slóivéine an 7 Meitheamh 2019).

SK: Acht 586/2003 ar Abhcóideacht, Airteagail 2 agus 12.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In PL: Ní fhéadfaidh dlíodóirí eachtracha iad féin a bhunú ach i bhfoirm comhpháirtíocht chláraithe, comhpháirtíocht theoranta, nó comhpháirtíocht theoranta comhstoic.

Bearta:

PL: Acht an 5 Iúil 2002 ar sholáthar cúnaimh dhlíthiúil i bPoblacht na Polainne ag dlíodóirí eachtracha, Airteagal 19; An Dlí um Chomhairle Cánach

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In IE, IT: Teastaíonn cónaitheacht (láithreacht thráchtálach) chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí baile (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Bearta:

IE: Na hAchtanna Aturnaetha 1954-2011.

IT: Foraithne Ríoga 1578/1933, Airteagal 17 dlí ar ghairm an dlí.

(b) Gníomhairí paitinní, gníomhairí maoine tionsclaíche, gníomhairí maoine intleachtúla (cuid de CPC 879, 861, 8613)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AT: Tá náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh; éilítear cónaitheacht ansin.

In BG agus CY: Tá náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh. In CY, tá cónaitheacht ina ceanglas.

In DE: Ní fhéadfar ach dlíodóirí paitinní a bhfuil cáilíochtaí LEE agus Eilvéiseach acu a ghlaoch chun an Bharra agus dá bhrí sin a bheith i dteideal faoin dlí intíre seirbhísí gníomhaire paitinní a sholáthar sa Ghearmáin. Tá gá le láithreacht thráchtálach chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Féadfaidh an comhlachas Barra díolúintí a dheonú. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha seirbhísí sa dlí eachtrach a sholáthar nuair a chruthaíonn siad go bhfuil saineolas acu, ní mór clárú chun seirbhísí sa dlí a chur ar fáil sa Ghearmáin. Ní fhéadann dlíodóirí paitinní eachtracha (is é sin dlíodóirí paitinní a bhfuil cáilíocht acu seachas cáilíocht LEE nó Eilvéiseach) gnólacht a bhunú in éineacht le dlíodóirí paitinní baile.

Is i bhfoirm Patentanwalts-GmbH nó Patentanwalts-AG agus san fhoirm sin amháin a fhéadfaidh dlíodóirí paitinní eachtracha (nach dlíodóirí LEE nó Eilvéiseacha iad) a láithreacht thráchtálach a bheith acu trí scair mhionlaigh a fháil.

In EE: Tá náisiúntacht Eastónach nó an Aontais Eorpaigh chomh maith le buanchónaitheacht ina cheanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh.

In ES, PT agus SI: Tá náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta maoine tionsclaíche a chleachtadh.

In FR: Le bheith cláraithe ar an liosta seirbhísí gníomhaire maoine tionsclaíche, tá bunaíocht nó cónaitheacht in LEE ina gceanglas. Tá náisiúntacht LEE ina cheanglas ar dhaoine nádúrtha. Chun ionadaíocht a dhéanamh ar chliant os comhair na hoifige náisiúnta maoine intleachtúla, tá bunaíocht in LEE ina ceanglas. Ní mór leath na scaireanna agus na gceart vótála a bheith faoi úinéireacht gairmithe LEE. Féadfar go mbeidh gnólachtaí dlí i dteideal seirbhísí gníomhaire maoine tionsclaíche a sholáthar (féach an forchoimeádas le haghaidh seirbhísí dlí).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In LV: Tá náisiúntacht AE ina ceangal do ghníomhairí paitinní.

Beart:

LV: An Dlí maidir le hInstitiúidí agus Nósanna Imeachta Maoine Tionsclaíche Caibidil XVIII (Airteagail 119-136).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI agus HU: Tá cónaitheacht in LEE ina cheanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinní a chleachtadh.

In SI: Tá cónaitheacht sa tSlóivéin ina ceanglas le haghaidh sealbhóir ceart cláraithe/iarratasóir ar chearta cláraithe (paitinní, trádmharcanna, cosaint dearaidh). De mhalairt air sin, tá gníomhairí paitinne nó gníomhaire trádmhairc agus deartha ina cheanglas sa tSlóivéin chun príomhchríoch seirbhísí próisis, fógra, etc.

Bearta:

AT: An tAcht um Ghníomhairí Paitinní, BGBl. 214/1967 arna leasú, § § 2 agus 16a.

BG: Caibidil 8b den Acht um Paitinní agus um Chlárú Deimhnithe Áisiúlachta.

CY: Dlí Abhcóidí (Caibidil 2), arna leasú.

DE: Patentanwaltsordnung (PAO), Gesetz über die Tätigkeit europäischer Patentanwälte in Deutschland (EuPAG)agus § 10 Rechtsdienstleistungsgesetz (RDG).

EE: Patendivoliniku seadus (An tAcht um Ghníomhairí Paitinní) § 2, § 14.

ES: Ley 11/1986, de 20 de marzo, de Patentes de Invención y Modelos de utilidad, Airteagail 155–157.

FI: Tavaramerkkilaki (An tAcht um Thrádmharcanna) (7/1964);

Laki auktorisoiduista teollisoikeusasiamiehistä (An tAcht um Aturnaetha Maoine Tionsclaíche Údaraithe) (22/2014); agus

Laki kasvinjalostajanoikeudesta (An tAcht um Cheart Póraitheora Plandaí) 1279/2009; agus Mallioikeuslaki (An tAcht um Dhearaí Cláraithe) 221/1971.

FR: Code de la propriété intellectuelle.

HU: Acht XXXII 1995 ar Ghníomhairí Paitinní.

PT: Dlí Foraithne 15/95, arna leasú le Dlí 17/2010, le Portaria 1200/2010, Airteagal 5, agus le Portaria 239/2013; agus Dlí 9/2009.

SI: Zakon o industrijski lastnini (An tAcht um Mhaoin Thionsclaíoch), Uradni list RS, št. 51/06 – uradno prečiščeno besedilo in 100/13 agus 23/20 (Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine, Uimh. 51/06 – téacs comhdhlúite oifigiúil 100/13 agus 23/20).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In IE: I dtaca le bunaíocht, ní mór duine amháin ar a laghad de stiúrthóirí, bainisteoirí nó fostaithe gnólachta a bheith cláraithe mar aturnae paitinne nó maoine intleachtúla in Éirinn. I dtaca le bonn trasteorann, tá náisiúntacht LEE agus láithreacht tráchtála, príomháit gnó i mBallstát LEE agus cáilíocht faoi dhlí Ballstáit LEE ina gceanglas.

Bearta:

IE: Ranna 85 agus 86 d'Acht na dTrádmharcanna, 1996, arna leasú;

Riail 51, Riail 51A agus Riail 51B de Rialacha na dTrádmharcanna 1996, arna leasú; Ranna 106 agus 107 d'Acht na bPaitinní, 1992, arna leasú; agus Clár Rialacha Gníomhairí Paitinne I.R. 580 de 2015.

(c) Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 8621 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219, 86220)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála cuntasóirí eachtracha agus leabharchoimeádaithe i bhfiontar Ostarach, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh na leasanna ná cearta sin a bheith níos mó ná 25 %. Ní mór go mbeadh oifig nó suíochán gairmiúil ag an soláthraí seirbhíse in LEE (CPC 862).

In FR: Tá bunaíocht nó cónaitheacht ina ceanglas.

In IT: Tá cónaitheacht nó sainchónaí gnó ina cheanglas le haghaidh clárú sa chlár gairmiúil, rud atá riachtanach chun seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta a sholáthar (CPC 86213, 86219, 86220).

In PT (maidir le Cóir an náisiúin barrfhabhair): Tá cónaitheacht nó sainchónaí gnó ina cheanglas le haghaidh clárú sa chlár gairmiúil ag Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe (Ordem dos Contabilistas Certificados), atá riachtanach chun seirbhísí cuntasaíochta a sholáthar, ar choinníoll go gcaitear go cómhalartach le náisiúnaigh na Portaingéile.

Bearta:

AT: *Wirtschaftstreuhandberufsgesetz* (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúchóireachta), BGBl. I Nr. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4; agus

Bilanzbuchhaltungsgesetz (BibuG), BGBL. I Nr. 191/2013, § § 7, 11, 28.

FR: Ordonnance 45-2138 du 19 septembre 1945.

IT: Foraithne Reachtach 139/2005; agus Dlí 248/2006.

PT: Dlí Foraithne Uimh. 452/99, arna athrú le Dlí Uimh. 139/2015, an 7 Meán Fómhair.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SI: Tá bunaíocht san Aontas Eorpach ina cheanglas chun seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta a chur ar fáil (CPC 86213, 86219, 86220).

Bearta:

SI: Acht ar sheirbhísí sa mhargadh inmheánach, Irisleabhar Oifigiúil RS Uimh. 21/10.

(d) Seirbhísí iniúchóireachta (CPC – 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In AE: Formheas ag údaráis inniúla de chuid Ballstáit a fhéadfaidh aitheantas a thabhairt do choibhéis cáilíochtaí iniúchóra ar náisiúnach é den tSile nó d'aon tríú tír eile atá faoi réir na cómhalartachta (CPC 8621), tá sé ina cheanglas chun seirbhísí um iniúchadh reachtúil a sholáthar.

Bearta:

AE: Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]); agus Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

Bearta:

BG: An tAcht um Iniúchóireacht Airgeadais Neamhspleách.

([4]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

([5]) Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála cuntasóirí eachtracha, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná 25 % i bhfiontar de chuid na hOstaire. Ní mór oifig nó suíochán gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE.

Bearta:

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúchóireachta), BGBl. I Uimh. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DK: Tá formheas na Danmhairge mar iniúchóir ina cheangal i leith soláthar seirbhísí um iniúchadh reachtúil. Tá cónaitheacht i mBallstát LEE ina ceanglas chun formheas a fháil. Níor cheart na cearta vótála a bheith níos mó ná 10 % de na cearta vótála i ngnólachtaí iniúchóireachta formheasta iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta nach bhfuil formheasta i gcomhréir leis na rialacháin lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2006/43/CE bunaithe ar Airteagal 54(3)(g) den Chonradh um iniúchadh reachtúil.

In FR (maidir le Cóir an náisiúin barrfhabhair): Le haghaidh iniúchóireachtaí reachtúla: tá bunaíocht nó cónaitheacht ina ceanglas. Féadfaidh náisiúnaigh den tSile seirbhísí iniúchóireachta reachtúla a chur ar fáil sa Fhrainc, faoi réir cómhalartachta.

In PL: Tá bunaíocht san Aontas Eorpach ina cheangal chun seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar.

Bearta:

DK: Revisorloven (Acht na Danmhairge ar Iniúchóirí agus Gnólachtaí Iniúchóirí), Acht Uimh. 1287 an 20/11/2018.

FR: Code de commerce

PL: Acht an 11 Bealtaine 2017 ar iniúchóirí reachtúla, gnólachtaí iniúchóireachta agus formhaoirseacht phoiblí – Iris Dlí 2017, mír 1089.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In CY: Tá údarú ina cheanglas, faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an staid fostaíochta san fho-earnáil. Tá comhlachais ghairmiúla (comhpháirtíochtaí) idir daoine nádúrtha ceadaithe.

In SK: Ní fhéadtar a údarú chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh i bPoblacht na Slóvaice ach fiontar ina bhfuil 60 % ar a laghad de leasanna caipitil nó cearta vótála forchoimeádta do náisiúnaigh Shlóvacacha nó do náisiúnaigh Bhallstáit.

Bearta:

CY: Dlí na nIniúchóirí 2017 (Dlí 53(I)/2017).

SK: Acht Uimh. 423/2015, ar Iniúchóireacht reachtach.

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In DE: Féadfaidh iniúchóirí tríú tíre atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal. 134 WPO, an t-iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar chuntais bhliantúla fhioscacha nó ráitis chomhdhlúite airgeadais cuideachta a sholáthar ag a bhfuil a ceanncheathrú lasmuigh den Aontas Eorpach, a dtáirgtear a cuid urrús inaistrithe lena trádáil ar mhargadh rialáilte.

Bearta:

DE: Handelsgesetzbuch (HGB; Cód an Dlí Tráchtála);

Gesetz über eine Berufsordnung der Wirtschaftsprüfer (Wirtschaftsprüferordnung – WPO; An tAcht um Chuntasóir Poiblí).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In ES: Ní mór d'iniúchóirí reachtúla a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir le hiniúchóireacht ar chuideachtaí neamh-AE atá liostaithe i margadh arna rialáil ag an Spáinn.

Bearta:

ES: Ley 22/2015, de 20 de julio, de Auditoría de Cuentas (Dlí nua um an Iniúchóireacht: Dlí 22/2015 ar Sheirbhísí iniúchóireachta).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir náisiún barrfhabhair agus trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SI: Ceanglaítear láithreacht tráchtála. Féadfaidh eintiteas iniúchóireachta tríú tír a bheith ina scairshealbhóir nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú i ngnólacht iniúchóireachta Slóivéanach ar choinníoll, faoi dhlí na tíre ina bhfuil an t-eintiteas iniúchóireachta tríú tíre ionchorpraithe, go bhféadfaidh cuideachtaí iniúchóireachta Slóivéanacha a bheith ina scairshealbhóirí nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú i ngnólacht iniúchóireachta sa tír sin (ceanglas na cómhalartachta).

Bearta:

SI: An tAcht Iniúchta (ZRev-2), Iris Oifigiúil RS Uimh. 65/2008 (arna leasú go deireanach Uimh. 84/18); agus Acht na gCuideachtaí (ZGD-1), Iris Oifigiúil RS Uimh. 42/2006 (arna leasú go deireanach Uimh. 22/19 – ZPosS).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In EE: Beidh tromlach na vótaí a ionadaítear le scaireanna i ngnólacht iniúchóireachta in úinéireacht iniúchóirí faoi bhrí mionna atá faoi mhaoirseacht údarás inniúil Bhallstát LEE, a bhfuil cáilíocht faighte acu i mBallstát LEE, nó beidh sé in úinéireacht gnólachtaí iniúchóireachta. Beidh a gcáilíochtaí bainte amach i mBallstát LEE ag trí cheathrú ar a laghad de na daoine a dhéanann ionadaíocht ar ghnólacht iniúchóireachta ar bhonn dlí.

Bearta:

EE: An tAcht um Ghníomhaíochtaí Iniúchóirí (Audiitortegevuse seadus) § 76-77.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BE: Bíonn bunaíocht sa Bheilg ina ceanglas i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht agus ina gcoimeádtar achtanna, doiciméid agus comhfhreagras a bhaineann léi, agus bíonn sé ina cheanglas riarthóir amháin ar a laghad nó bainisteoir na bunaíochta a bheith ina iniúchóir faofa.

In FI: Tá cónaitheacht in LEE ina cheanglas le haghaidh duine amháin ar a laghad d'iniúchóirí de chuid cuideachta Fionlannaí faoi Dhliteanas Teoranta agus de chuid cuideachtaí a bhfuil sé mar oibleagáid orthu iniúchadh a dhéanamh. Ní mór iniúchóir a bheith ina iniúchóir ag a bhfuil ceadúnas áitiúil nó ina ghnólacht iniúchóireachta ag a bhfuil ceadúnas áitiúil.

In HR: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha atá bunaithe sa Chróit, nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Chróit seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar.

In IT: Tá cónaitheacht ina cheanglas ar dhaoine nádúrtha chun seirbhísí um iniúchadh a sholáthar.

In LT: Tá bunaíocht in LEE ina ceanglas chun seirbhísí um iniúchadh a sholáthar.

In SE: Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa sa tSualainn agus gnólachtaí iniúchóireachta atá cláraithe sa tSualainn seirbhísí um iniúchadh reachtúil a fheidhmiú. Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas. Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa nó údaraithe sa tSualainn na teidil 'iniúchóir faofa' agus 'iniúchóir údaraithe' a úsáid. Maidir le hiniúchóirí ar chomhlachais eacnamaíocha comhoibritheacha agus ar fhiontair áirithe eile nach cuntasóirí deimhnithe ná faofa iad, ní

mór cónaí a bheith orthu in LEE, ach amháin má cheadaíonn an Rialtas, nó údarás Rialtais arna cheapadh ag an Rialtas, a mhalairt i gcás áirithe.

Bearta:

BE: Dlí an 22 Iúil, 1953 lena gcruthaítear an Institiúid um Iniúchóirí Gnólachtaí agus lena n-eagraítear maoirseacht phoiblí ar ghairm na n-iniúchóirí gnólachta, arna chomhordú an 30 Aibreán, 2007. (An tAcht um Chuntasóir Poiblí).

FI: Tilintarkastuslaki (Acht Iniúchóireachta) (459/2007), Dlíthe earnálacha lena gceanglaítear go n-úsáidfear iniúchóirí arna gceadúnú go háitiúil.

HR: Acht Iniúchóireachta (OG 146/05, 139/08, 144/12), Airteagal 3.

IT: Foraithne Reachtach 58/1998, Airteagail 155, 158 agus 161;

Foraithne ó Uachtarán na Poblachta 99/1998; agus Foraithne Reachtach 39/2010, Airteagal 2.

LT: Dlí ar Iniúchadh an 15 Meitheamh 1999 Uimh. VIII - 1227 (leagan nua an 3 Iúil 2008 Uimh. X1676).

SE: Revisorslagen (Acht na nIniúchóirí) (2001:883);

Revisionslag (An tAcht Iniúchóireachta) (1999:1079);

Aktiebolagslagen (Acht na gCuideachtaí) (2005:551);

Lag om ekonomiska föreningar (An tAcht um Chomhlachais Eacnamaíocha Chomhoibritheacha) (2018:672); agus

Eile, lena rialáiltear na ceanglais chun úsáid a bhaint as iniúchóirí formheasta.

(e) Seirbhísí comhairleacha cánachais (CPC 863, gan comhairle dlíthiúil ná ionadaíocht dlíthiúil maidir le cúrsaí cánach, a thagann faoi sheirbhísí dlí, a áireamh)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála comhairleoirí cánachais eachtracha, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná 25 % i bhfiontar de chuid na hOstaire. Ní mór oifig nó suíochán gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE.

Bearta:

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúchóireachta), BGBl. I Uimh. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FR: Tá bunaíocht nó cónaitheacht ina ceanglas.

Bearta:

FR: Ordonnance 45-2138 du 19 septembre 1945.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In BG: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas le haghaidh comhairleoirí cánachais.

Bearta:

BG: An tAcht Cuntasaíochta;

An tAcht um Iniúchóireacht Airgeadais Neamhspleách; an tAcht um Chánacha Ioncaim ar Dhaoine Nádúrtha; agus an tAcht um Cháin Ioncaim Chorparáidigh.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In HU: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo a leanas, sa mhéid is go bhfuil siad á soláthar ag duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch na hUngáire.

In IT: Tá cónaitheacht ina ceanglas.

Bearta:

HU: Acht XCII 2003 um na Rialacha Cánachais; agus

Foraithne an Aireacht Airgeadais Uimh. 26/2008 ar cheadúnú agus chlárú ghníomhaíochtaí comhairleacha cánach.

IT: Foraithne Reachtach 139/2005; agus Dlí 248/2006.

(f) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí, seirbhísí innealtóireachta agus innealtóireachta comhtháite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In BG: Tá cónaitheacht i mBallstát LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise i na ceanglas le haghaidh seirbhísí ailtireachta, pleanála uirbí agus innealtóireachta a chuireann daoine nádúrtha ar fáil. Maidir le tionscadail ailtireachta agus innealtóireachta a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach leo, ní mór d'infheisteoirí eachtracha gníomhú i gcomhpháirtíocht le hinfheisteoirí áitiúla nó mar fhochonraitheoirí na n-infheisteoirí áitiúla sin (CPC 8671, 8672, 8673).

Bearta:

BG: An tAcht um Fhorbairt Spásúil;

An tAcht um Chomhlachas na dTógálaithe; agus

An tAcht um Chomhlachas na nAiltirí agus na nInnealtóirí um Dhearadh Forbartha Tionscadal.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In HR: Ní mór go mbailíochtódh duine nádúrtha nó dlítheanach arna údarú sa Chróit dearadh nó tionscadal a chruthaigh ailtire,innealtóir nó pleanálaí uirbeach eachtrach maidir le comhlíonadh dhlí na Cróite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Bearta:

HR: An tAcht ar Phleanáil Fhisiceach agus Gníomhaíochtaí Tógála (OG 118/18, 110/19).

an tAcht um Phleanáil Fhisiceach (OG 153/13, 39/19).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag an gcoinníoll náisiúntachta agus cónaitheachta maidir le seirbhísí ailtireachta pleanála uirbí agus innealtóireachta a chur ar fáil (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Bearta:

CY: Dlí 41/1962 arna leasú; Dlí 224/1990 arna leasú; agus Dlí 29(I) 2001 arna leasú.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas.

In HU: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo a leanas, sa mhéid is go bhfuil siad á soláthar ag duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch na hUngáire: seirbhísí ailtireachta, seirbhísí innealtóireachta (a bhaineann le hoiliúnaithe céime amháin), seirbhísí innealtóireachta comhtháite agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

In IT: Tá cónaitheacht nó sainchónaí gairmiúil/seoladh gnó san Iodáil ina cheanglas chun clárú sa chlár gairmiúil, rud is gá chun seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta a fheidhmiú (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

In SK: Tá cónaitheacht in LEE ina ceanglas um chlárú ar an gclár gairmiúil, atá riachtanach chun seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta a fheidhmiú (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 360/1992, Coll. ar ghairm ailtirí údaraithe agus innealtóirí agus teicneoirí údaraithe a chleachtadh atá ag obair i réimse na tógála.

HU: Acht LVIII 1996 ar Chumainn Ghairmiúla na nAiltirí agus na nInnealtóirí.

IT: Foraithne Ríoga 2537/1925 Rialachán maidir le gairm an ailtire agus an innealtóra; Dlí 1395/1923; agus

Foraithne Uachtarán na Poblachta (D.P.R.) 328/2001.

SK: Acht 138/1992 um Ailtirí agus Innealtóirí, Airteagail. 3, 15, 15a, 17a agus 18a.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In BE: Cuimsítear le soláthar seirbhísí ailtireachta rialú ar chur i gcrích na n-oibreacha (CPC 8671, 8674). Ceanglaítear ar ailtirí eachtracha atá údaraithe ina dtíortha óstacha agus ar mian leo a ngairm a chleachtadh ar bhonn ócáideach sa Bheilg údarú a fháil roimh ré ó Chomhairle an Oird sa limistéar geografach ina bhfuil sé ar intinn acu a ngníomhaíocht a chleachtadh.

Bearta:

BE: Dlí an 20 Feabhra, 1939 maidir le teideal ghairm an ailtire a chosaint; agus Dlí an 26 Meitheamh 1963, lena gcruthaítear Rialacháin Ord na nAiltirí an 16 Nollaig, 1983, ar eitic arna mbunú ag an gComhairle náisiúnta in Ord na nAiltirí (Arna fhaomhadh le hAirteagal 1 de A.R. an 18 Aibreán, 1985, M.B., an 8 Bealtaine, 1985).

Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le seirbhísí maidir leis an tsláinte agus le miondíol táirgí cógaisíochta

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí liachta (lena n-áirítear síceolaithe) agus seirbhísí fiaclóireachta; cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine; seirbhísí tréidliachta; miondíol táirgí cógaisíochta, míochaine agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile a bhíonn á soláthar ag cógaiseoirí
Aicmiú tionscail:	CPC 9312, 93191, 932, 63211
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil / Roinn:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil i seirbhísí trasteorann

Tuairisc:

(a) Seirbhísí leighis, déidliachta, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus paraimhíochaine (CPC 9312, 93191)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In IT: Tá ceanglas maidir le cónaí san Aontas Eorpach ar sheirbhísí a chuireann síceolaithe ar fáil, féadtar cead a thabhairt do ghairmithe eachtracha cleachtadh ar bhonn cómhalartachta (cuid de CPC 9312).

Bearta:

IT: Dlí 56/1989 ar ghairm an tsíceolaí.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag coinníoll náisiúntachta agus cónaí na Cipire maidir le soláthar seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh), déidliachta, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus paraimhíochaine.

Bearta:

CY: An Dlí um Chlárú Dochtúirí (Caibidil 250) arna leasú;

an Dlí um Chlárú Fiaclóirí (Caibidil 249) arna leasú;

Dlí 75(I)/2013 – Podeolaithe;

Dlí 33(I)/2008 arna leasú – Fisic Liachta;

Dlí 34(I)/2006 arna leasú – Teiripeoirí Saothair;

Dlí 9(I)/1996 arna leasú – Teicneoirí Déidliachta;

Dlí 68(I)/1995 arna leasú – Síceolaithe;

Dlí 16(I)/1992 arna leasú – Radharceolaithe;

Dlí 23(I)/2011 arna leasú – Raideolaithe/Radiaiteirpeoirí;

Dlí 31(I)/1996 arna leasú – Diatéitigh/Cothaithigh;

Dlí 140/1989 arna leasú – Fisiteiripeoirí; agus

Dlí 214/1988 arna leasú – Altraí.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DE: Ní mór do dhochtúirí (lena n-áirítear síceolaithe, síciteiripeoirí, agus fiaclóirí) clárú le comhlachais réigiúnacha na ndochtúirí nó na bhfiaclóirí árachais sláinte reachtúil (kassenärztliche nó kassenzahnärztliche Vereinigungen), más mian leo othair a chóireáil atá árachaithe ag na cistí reachtúla breoiteachta.

I dtaca le seirbhísí cnáimhseach, is ag daoine nádúrtha, agus acu sin amháin, atá rochtain. I dtaca le seirbhísí leighis agus déidliachta, féadfaidh daoine nádúrtha, ionaid chúraim leighis cheadúnaithe agus comhlachtaí sainordaithe rochtain a fháil. D'fhéadfadh ceanglais maidir le bunaíocht a bheith i bhfeidhm.

Bearta:

DE: Bundesärzteordnung (BÄO; an Rialachán Leighis Feidearálach);

Gesetz über die Ausübung der Zahnheilkunde (ZHG);

In SK: Le haghaidh próiseáil agus athchúrsáil a dhéanamh ar cheallraí agus taisc-cheallraí caite, dramholaí, seanghluaisteáin agus dramhaíl ó threalamh leictreach agus leictreonach, ceanglaítear corprú sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (ceangal cónaitheachta) (cuid de CPC 9402).

Bearta:

SE: Acht na bhFeithiclí (2002:574).

SK: Acht 79/2015 ar Dhramhaíl.

Forchoimeádas Uimh. 11 - Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta
Aicmiú tionscail:	CPC 931, 933
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
Caibidil:	Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí
Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FR: Le haghaidh seirbhísí ospidéil agus otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe (seachas seirbhísí ospidéil) agus seirbhísí sóisialta, tá údarú riachtanach chun feidhmeanna bainistíochta a chleachtadh. Tógtar san áireamh sa phróiseas údaraithe fáil bainisteoirí áitiúla.

Bearta:

FR: Loi nº 90-1258 relative à l'exercice sous forme de société des professions libérales, Loi nº 2011-940 du 10 août 2011 modifiant certaines dispositions de la Loi nº 2009-879 dite HPST, Loi Loi nº 47-1775 portant statut de la coopération; agus Code de la santé publique.

Forchoimeádas Uimh. 12 - Seirbhísí a bhaineann le turasóireacht agus taisteal

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí turasóireachta agus taistil – óstáin, bialanna agus lónadóireacht; seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turas (bainisteoirí turas san áireamh); seirbhísí treoraithe turasóireachta

Aicmiú tionscail:	CPC 641, 642, 643, 7471, 7472
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta; Trádáil trasteorann i seirbhísí
Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In BG: Féadfaidh duine atá bunaithe in LEE seirbhísí turais nó gníomhaireachta taistil a sholáthar más rud é, tar éis a bhunaithe i gcríoch na Bulgáire, go gcuireann an duine sin cóip de dhoiciméad ar fáil ina ndeimhnítear a cheart chun an ghníomhaíocht sin a chleachtadh mar aon le deimhniú nó doiciméad eile arna eisiúint ag institiúid chreidmheasa nó árachóir ina bhfuil sonraí gurb ann d'árachas a chumhdaíonn dliteanas an duine sin as dochar a d'fhéadfadh tarlú de dheasca neamhchomhlíonadh inmhilleáin dualgas gairmiúil. Ní fhéadfaidh an líon bainisteoirí eachtracha an líon bainisteoirí ar náisiúnaigh Bhulgáracha iad a shárú, i gcásanna inar mó sciar an phobail (sciar stáit nó bardasach) i gcaipiteal cothromais cuideachta Bulgáraí ná 50 %. Ceanglas náisiúntachta LEE do threoraithe turasóireachta (CPC 641, 642, 643, 7471, 7472).

Bearta:

BG: An Dlí um Thurasóireacht, Airteagail 61, 113 agus 146.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY: Deonófar ceadúnas chun cuideachta nó gníomhaireacht turasóireachta agus taistil a bhunú agus a oibriú, chomh maith le hathnuachan ceadúnais oibríochta de chuid cuideachta nó gníomhaireachta atá ann cheana, ach amháin do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní fhéadfaidh aon chuideachta neamhchónaitheach, ach amháin iad siúd atá bunaithe i mBallstát eile den Aontas, na gníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi Airteagal 3 den Dlí thuasluaite a sholáthar i bPoblacht na Cipire, ar bhonn eagraithe nó buan, ach amháin má tá cuideachta chónaitheach ina hionadaí orthu. Tá náisiúntacht Bhallstáit (CPC 7471, 7472) ina ceangal chun seirbhísí treoraithe turais agus gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí oibreoirí turas a sholáthar.

Bearta:

CY: An Dlí ar Oifigí Turasóireachta agus Taistil agus ar Threoraithe Turais 1995 (Dlí 41(I)/1995) arna leasú.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In EL: Ní mór do náisiúnaigh tríú tíortha dioplóma a fháil ó Scoileanna Treoraithe Turasóireachta Aireacht Turasóireachta na Gréige, chun a bheith i dteideal an ceart a bheith acu an ghairm a chleachtadh. Mar eisceacht, féadfaidh an ceart chun an ghairm a chleachtadh a thabhairt go sealadach (suas le bliain amháin) do náisiúnaigh tríú tíortha faoi choinníollacha áirithe atá sainithe go sainráite, de mhaolú ar na forálacha thuasluaite, i gcás nach bhfuil treoraí turasóireachta ar fáil do theanga ar leith.

Bearta:

EL: Foraithne ó Uachtarán 38/2010, Cinneadh Aireachta 165261/IA/2010 (Iris Gov. 2157/B), Airteagal 50 den dlí 4403/2016, Airteagal 47 den dlí 4582/2018 (Iris Gov. 208/A).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In ES (le haghaidh ES tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá náisiúntacht Bhallstáit ina ceangal chun seirbhísí treoraithe turais a sholáthar (CPC 7472).

In HR: Tá náisiúntacht LEE ina ceangal i gcomhair seirbhísí fáilteachais agus lónadóireachta i dteaghlaigh agus in áiteanna cónaithe tuaithe (CPC 641, 642, 643, 7471, 7472).

Bearta:

ES: An Andalúis: Decreto 8/2015, de 20 de enero, Regulador de guías de turismo de Andalucía;

Aragón: Decreto 21/2015, de 24 de febrero, Reglamento de Guías de turismo de Aragón;

Cantabria: Decreto 51/2001, de 24 de julio, Article 4, por el que se modifica el Decreto 32/1997, de 25 de abril, por el que se aprueba el reglamento para el ejercicio de actividades turístico informativas privadas;

An Chaistíl agus León: Decreto 25/2000, de 10 de febrero, por el que se modifica el Decreto 101/1995, de 25 de mayo, por el que se regula la profesión de guía de turismo de la Comunidad Autónoma de Castilla y León;

An Chaistíl-La Mancha: Decreto 86/2006, de 17 de julio, de Ordenación de las Profesiones Turísticas;

An Chatalóin: Decreto Legislativo 3/2010, de 5 de octubre, para la adecuación de normas con rango de ley a la Directiva 2006/123/CE, del Parlamento y del Consejo, de 12 de diciembre de 2006, relativa a los servicios en el mercado interior, Airteagal 88;

Maidrid: Decreto 84/2006, de 26 de octubre del Consejo de Gobierno, por el que se modifica el Decreto 47/1996, de 28 de marzo;

Comunidad Valenciana: Decreto 90/2010, de 21 de mayo, del Consell, por el que se modifica el reglamento regulador de la profesión de guía de turismo en el ámbito territorial de la Comunitat Valenciana, aprobado por el Decreto 62/1996, de 25 de marzo, del Consell;

Extremadura: Decreto 37/2015, de 17 de marzo;

An Ghailís: Decreto 42/2001, de 1 de febrero, de Refundición en materia de agencias de viajes, guias de turismo y turismo activo;

Na hOileáin Bhailéaracha: Decreto 136/2000, de 22 de septiembre, por el cual se modifica el Decreto 112/1996, de 21 de junio, por el que se regula la habilitación de guía turístico en las Islas Baleares;

Na hOileáin Chanáracha: Decreto 13/2010, de 11 de febrero, por el que se regula el acceso y ejercicio de la profesión de guía de turismo en la Comunidad Autónoma de Canarias, Article 5;

Rioja: Decreto 14/2001, de 4 de marzo, Reglamento de desarrollo de la Ley de Turismo de La Rioja;

Navarra: Decreto Foral 288/2004, de 23 de agosto. Reglamento para actividad de empresas de turismo activo y cultural de Navarra.

Asturias: Decreto 59/2007, de 24 de mayo, por el que se aprueba el Reglamento regulador de la profesión de Guía de Turismo en el Principado de Asturias; agus

Murcia: Decreto n.º 37/2011, de 8 de abril, por el que se modifican diversos decretos en materia de turismo para su adaptación a la ley 11/1997, de 12 de diciembre, de turismo de la Región de Murcia tras su modificación por la ley 12/2009, de 11 de diciembre, por la que se modifican diversas leyes para su adaptación a la directiva 2006/123/CE, del Parlamento Europeo y del Consejo de 12 de diciembre de 2006, relativa a los servicios en el mercado interior.

HR: An tAcht don Tionscadal Fáilteachais agus Lónadóireachta (OG 138/06, 152/08, 43/09, 88/10 i 50/12); agus an tAcht ar Sholáthar Sheirbhísí Turasóireachta (OG Uimh. 68/07 agus 88/10).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In HU: Tá soláthar seirbhísí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turais, agus seirbhísí treoraithe turais ar bhonn trasteorann faoi réir ceadúnais arna eisiúint ag Oifig Ceadúnaithe Trádála na hUngáire. Tá ceadúnais forchoimeádta do náisiúnaigh LEE agus do dhaoine dlítheanacha a bhfuil a suíomhanna in LEE (CPC 7471, 7472).

In IT (tá feidhm ag an méid seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): is gá do threoraithe turais ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad ceadúnas sonrach a fháil ón réigiún chun gníomhú mar threoraí turais gairmiúil. Is féidir le treoraithe turais as Ballstáit eile a bheith ag obair go neamhshrianta gan an gceadúnas sin a bheith ina cheanglas orthu. Deonaítear an ceadúnas do threoraithe turais a léiríonn inniúlacht agus eolas sásúil (CPC 7472).

Bearta:

HU: Acht CLXIV de 2005 ar Thrádáil, Foraithne Rialtais Uimh. 213/1996 (XII.23.) ar Ghníomhaíochtaí Eagraíochtaí agus Ghníomhaireachtaí Taistil.

IT: Dlí 135/2001 Airteagail 7.5 agus 6; agus Dlí 40/2007 (DL 7/2007).

Forchoimeádas Uimh. 13 - Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí áineasa; seirbhísí eile spóirt
Aicmiú tionscail:	CPC 962, cuid de 96419
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta; Trádáil trasteorann i seirbhísí
Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) Gníomhaireachtaí nuachta agus preasa (CPC 962)

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In CY: Ní dheonaítear bunú agus oibriú gníomhaireachtaí preasa/foghníomhaireachtaí sa Chipir ach do shaoránaigh na Cipire nó do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh nó d'eintitis dhlíthiúla arna rialú ag saoránaigh na Cipire nó ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh.

Bearta:

CY: An Dlí Preasa (Uimh. 145/89) arna leasú.

(b) Seirbhísí eile spóirt (CPC 96419)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá oibriú scoileanna sciála agus seirbhísí treoraí sléibhe rialaithe ag dlíthe an 'Bundesländer'. D'fhéadfadh sé go mbeadh náisiúntacht Bhallstáit de LEE ina ceangal chun na seirbhísí sin a sholáthar. D'fhéadfadh go mbeadh ceangal ar fhiontair stiúrthóir bainistíochta a cheapadh ar náisiúnach é de chuid Ballstát de LEE.

Bearta:

AT: Kärntner Schischulgesetz, LGBL. Nr. 53/97;

Kärntner Berg- und Schiführergesetz, LGBL. Nr. 25/98;

NÖ- Sportgesetz, LGBL. Nr. 5710;

OÖ- Sportgesetz, LGBl. Nr. 93/1997;

Salzburger Schischul- und Snowboardschulgesetz, LGBL. Nr. 83/89;

Salzburger Bergführergesetz, LGBL. Nr. 76/81;

Steiermärkisches Schischulgesetz, LGBL. Nr. 58/97;

Steiermärkisches Berg- und Schiführergesetz, LGBL. Nr. 53/76;

Tiroler Schischulgesetz. LGBL. Nr. 15/95;

Tiroler Bergsportführergesetz, LGBL. Nr. 7/98;

Vorarlberger Schischulgesetz, LGBL. Nr. 55/02 § 4 (2)a;

Vorarlberger Bergführergesetz, LGBL. Nr. 54/02; agus

Wien: Gesetz über die Unterweisung in Wintersportarten, LGBL. Nr. 37/02.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In CY: Ceanglas náisiúntachta maidir le scoil rince a bhunú agus riachtanas náisiúntachta do theagascóirí fisiceacha.

Bearta:

CY: Dlí 65(I)/1997 arna leasú; agus

Dlí 17(I)/1995 arna leasú.

Forchoimeádas Uimh. 14 - Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí iompair – iascaireacht agus iompar ar uisce – aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar ó long; iompar ar uisce agus seirbhísí cúnta d'iompar ar uisce; iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta d'iompar d'iarnród; iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnta d'iompar de bhóthar; seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair
Aicmiú tionscail:	ISIC Rev. 3.1 0501, 0 502; CPC 5133, 5223, 711, 712, 721, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749, 7461, 7469, 83103, 86751, 86754, 8730, 882
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta; Trádáil trasteorann i seirbhísí
Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) An t-iompar muirí agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar muirí. Aon ghníomhaíocht tráchtála a dhéantar ó long (ISIC Rev. 3.1 0501, 0502; CPC 5133, 5223, 721, Cuid de 742, 745, 74540, 74520, 74590, 882)

I ndáil le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: An t-iompar agus aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le hinnealtóireacht hiodrálach agus oibreacha teicniúla faoi uisce, le sirtheoireacht agus eastóscadh acmhainní mianra agus acmhainní neamhorgánacha eile, le píolótacht, le buncaráil, nó le dramhaíl, meascáin d'uisce agus ola, agus ábhair eile den chineál sin a fháil, ní fhéadfaidh aon soitheach an t-iompar ná na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh in uiscí intíre agus i bhfarraige theorann na Bulgáire cé is moite do shoithí a bhfuil bratach na Bulgáire ar foluain acu nó soithí a bhfuil bratach de chuid Ballstáit eile ar foluain acu.

Ceanglas náisiúntachta do sheirbhísí tacaíochta. Is gá do mháistir agus do phríomhinnealtóir an tsoithigh a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise (ISIC Rev. 3.1 0501, 0 502, CPC 5133, 5223, 721, 74520, 74540, 74590, 882).

Bearta:

BG: Cód Loingseoireachta Ceannaíochta; Dlí maidir le hUisce Farraige, Uiscebhealaí Intíre agus Calafoirt Phoblacht na Bulgáire; Reacht maidir leis an gcoinníoll agus leis an ord chun iompróirí Bulgáracha a roghnú chun paisinéirí agus lastaí a iompar faoi chonarthaí idirnáisiúnta; agus Reacht 3 chun soithí gan foireann a sheirbhísiú.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DK: Ní fhéadfaidh soláthraithe píolótaíochta seirbhís píolótaíochta a dhéanamh sa Danmhairg ach amháin má tá sainchónaí orthu in LEE agus má tá siad cláraithe agus formheasta ag Údaráis na Danmhairge i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Píolótú (CPC 74520).

Bearta:

DK: Acht na Danmhairge um Píolótú, § 18.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In DE (tá feidhm ag an méid seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Soitheach nach de chuid náisiúnaigh de Bhallstát é, ní fhéadfar é a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí nach seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair iad in uiscebhealaí feidearálacha na Gearmáine go dtí go dtabharfar údarú sonrach dó. Ní fhéadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí nach soithí de chuid an Aontais Eorpaigh iad ach i gcás nach mbeidh aon soitheach de chuid an Aontais Eorpaigh ar fáil nó ina mbeidh siad ar fáil faoi choinníollacha thar a bheith neamhfhabhrach, nó ar bhonn na cómhalartachta. Féadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí a bhfuil bratach na Nua-Shéalainne ar foluain acu ar bhonn cómhalartach (§ 2 mír 3 *KüSchVO*). Rialáiltear gach gníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme dhlí na bpíolótaí, agus tá an creidiúnú srianta do náisiúnaigh de LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise. Tá soláthar agus oibriú saoráidí le haghaidh píolótaíochta teoranta d'údaráis phoiblí nó do chuideachtaí a ainmníonn na húdaráis sin.

I gcás soithí farraige a ligean ar cíos nó a léasú maille le hoibreoirí nó gan iad, agus i gcás soithí nach soithí farraige iad a ligean ar cíos nó a léasú gan oibreoirí, féadfar srian a chur le tabhairt i gcrích conarthaí le haghaidh iompar lasta ag longa a bhfuil bratach eachtrannach ar foluain acu nó srian a chur le cairtfhostú na soithí sin, ag brath ar longa a bhfuil bratach na Gearmáine nó bratach de chuid Ballstáit eile ar foluain acu a bheith ar fáil.

Féadfar srian a chur le hidirbhearta idir cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí laistigh den limistéar eacnamaíoch (Iompar uisce, Seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar uisce, Longa ar cíos, Seirbhísí léasaithe long gan oibreoirí (CPC 721, 745, 83103, 86751, 86754, 8730)) má bhaineann siad leis an méid seo a leanas:

(i) soithí iompair uiscebhealaí intíre, nach bhfuil cláraithe sa limistéar eacnamaíoch, a ligean ar cíos;

(ii) iompar lasta le soithí iompair ar uiscebhealaí intíre den sórt sin; nó

(iii) seirbhísí tarraingthe ag na soithí iompair uiscebhealaí intíre sin.

Bearta:

DE: Gesetz über das Flaggenrecht der Seeschiffe und die Flaggenführung der Binnenschiffe (Flaggenrechtsgesetz; an tAcht um Chosaint na Brataí);

Verordnung über die Küstenschifffahrt (KüSchV);

Gesetz ó Aufgaben des Bundes auf dem Gebiet der Binnenschiffahrt (Binnenschiffahrtsaufgabengesetz — BinSchAufgG);

Verordnung über Befähigungszeugnisse i der Binnenschiffahrt (Binnenschifferpatentverordnung – BinSchPatentV);

Gesetz über das Seelotswesen (Seelotsgesetz – SeeLG);

Gesetz über die Aufgaben des Bundes auf dem Gebiet der Seeschiffahrt (Seeaufgabengesetz - SeeAufgG); agus

Verordnung zur Eigensicherung von Seeschiffen zur Abwehr äußerer Gefahren (See-Eigensicherungsverordnung – SeeEigensichV).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair nuair a chuirtear ar fáil in uiscí mara na Fionlainne iad, tá siad forchoimeádta d'fhlíteanna a oibríonn faoin mbratach náisiúnach, faoi bhratach an Aontais nó faoi bhratach na hIorua (CPC 745).

Bearta:

FI: Merilaki (an tAcht Muirí) (674/1994); agus

Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta (An tAcht um an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), § 4.

(b) An t-iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta a ghabhann leis an iompar d'iarnród (CPC 711, 743)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh de Bhallstát seirbhísí iompair d'iarnród nó seirbhísí tacaíochta a ghabhann le hiompar d'iarnród a sholáthar sa Bhulgáir. Déanann an tAire Iompair ceadúnas chun paisinéirí nó lasta a iompar d'iarnród a eisiúint chuig oibreoirí iarnróid atá cláraithe mar thrádálaithe (CPC 711, 743).

Bearta:

BG: An Dlí um an Iompar Iarnróid, Airteagail 37, 48

(c) Iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnta a ghabhann le hiompar de bhóthar (CPC 712, 7121, 7122, 71222, 7123)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In AT (Maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair freisin): I gcás iompair paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe a dheonú ach amháin do náisiúnaigh Pháirtithe Conarthacha LEE agus do dhaoine dlítheanacha den Aontas a bhfuil a gceanncheathrú san Ostair. Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, faoi choinníoll na cómhalartachta (CPC 712).

Bearta:

AT: Güterbeförderungsgesetz (Acht um Iompar Earraí), BGBl. Uimh. 593/1995; § 5;

Güterbeförderungsgesetz (Acht um Thrácht Ócáideach), BGBl., Uimh. 112/1996; § 6; agus

Kraftfahrliniengesetz (an Dlí maidir le hIompar Sceidealta), BGBl. I Uimh. 203/1999 arna leasú, § § 7 agus 8.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair:

In EL: Maidir le hoibreoirí seirbhísí um iompar lasta de bhóthar. Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair lasta de bhóthar tá gá le ceadúnas Heilléanach. Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, faoi choinníoll na cómhalartachta (CPC 7123).

Bearta:

EL: Ceadúnú oibreoirí iompair lasta de bhóthar: Dlí na Gréige 3887/2010 (Iris Rialtais A' 174), arna leasú le hAirteagal 5 de dhlí 4038/2012 (Iris Rialtais A' 14).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Is gá bunú i bPoblacht na Seice.

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 111/1994. Coll. um Iompar de Bhóthar.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir Náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In SE: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar tá gá le ceadúnas Sualannach. Áirítear leis na critéir chun ceadúnas tacsaí a fháil go mbeadh duine nádúrtha ceaptha ag an gcuideachta chun gníomhú mar bhainisteoir iompair (ceanglas cónaitheachta *de facto* – féach ar fhorchoimeádas na Sualainne faoi na cineálacha bunaíochta).

Ceanglaítear de réir na gcritéar chun ceadúnas a fháil le haghaidh oibreoirí iompair bóthair eile go mbeadh cuideachta bunaithe san Aontas Eorpach, go mbeadh bunaíocht acu atá suite sa tSualainn agus go mbeadh duine nádúrtha ceaptha acu le gníomhú mar an mbainisteoir iompair, nach mór go mbeadh cónaí orthu san Aontas.

Bearta:

SE: Yrkestrafiklag (2012:210) (An tAcht um thrácht gairmiúil);

Yrkestrafikförordning (2012:237) (Rialachán Rialtais um thrácht gairmiúil);

Taxitrafiklag (2012:211) (An tAcht um Thacsaithe); agus

Taxitrafikförordning (2012:238) (Rialachán Rialtais um thacsaithe).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SK: Lamháltas seirbhíse tacsaí agus cead chun seoladh tacsaí a oibriú, is féidir iad a dheonú do dhuine a bhfuil cónaí air nó a bhfuil áit bhunaíochta aige ar chríoch Phoblacht na Slóvaice nó i mBallstát LEE eile.

Bearta:

SK: Acht 56/2012 Coll. um Iompar de bhóthar

(d) Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In AE: Maidir le seirbhísí láimhseála ar an talamh, d'fhéadfaí go mbeadh an ceangal ann go gcaithfí a bheith bunaithe laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh. Tá gá le cómhalartacht.

Bearta:

AE: Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 ([8]).

In BE (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Le haghaidh sheirbhísí láimhseála ar an talamh tá cómhalartacht ina ceangal.

([8]) Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar an margadh láimhsithe ar talamh ag aerfoirt Chomhphobail (IO L 272, 25.10.1996, lch. 36).

Bearta:

BE: Arrêté Royal du 6 novembre 2010 réglementant l'accès au marché de l'assistance en escale à l'aéroport de Bruxelles-National (Airteagal 18);

Besluit van de Vlaamse Regering betreffende de togang tot de grondafhandelingsmarkt op de Vlaamse regionale luchthavens (Airteagal 14); agus

Arrêté du Gouvernement wallon réglementant l'accès au marché de l'assistance en escale aux aéroports relevant de la Région wallonne (Airteagal 14).

(e) Seirbhísí tacaíochta do gach modh iompair (cuid de CPC 748)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

An tAontas (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Ní fhéadfaidh ach daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas nó daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas Eorpach seirbhísí imréitigh custaim a sholáthar.

Bearta:

AE: Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

(f) seirbhísí iompair chomhcheangailte a sholáthar

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

AE (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Cé is moite de FI: ní fhéadfaidh ach tarlóirí atá bunaithe i mBallstát a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rochtain ar an ngairm agus maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh earraí a iompar idir na Ballstáit, i gcomhthéacs oibríocht iompair chomhcheangailte idir na Ballstáit, ní fhéadfaidh siad céimeanna tosaigh nó céimeanna deiridh d'iompar de bhóthar a dhéanamh, ar céimeanna iad atá ina gcuid dhílis den oibríocht iompair chomhcheangailte, bíodh trasnú imeallchríche ar áireamh leo nó ná bíodh. Tá feidhm ag srianta a bhfuil éifeacht acu ar aon mhodh iompair ar leith.

Is féidir bearta riachtanacha a ghlacadh le cinntiú go ndéantar na cánacha mótarfheithicle is infheidhme d'fheithiclí bóthair arna seoladh in iompar traschórais a laghdú nó a aisíoc.

Bearta:

AE: Treoir 1992/106/CEE ón gComhairle ([10]).

Forchoimeádas Uimh. 15 - Mianadóireacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh

Earnáil – fo-earnáil:	Mianadóireacht agus cairéalú - ábhair táirgthe fuinnimh; mianadóireacht agus cairéalú - mianta miotail agus mianadóireacht eile; Gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh - Leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar píblíne breoslaí; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí phíblínte; agus seirbhísí a ghabhann le dáileadh fuinnimh
Aicmiú tionscail:	ISIC Rev. 3.1 10, 11, 12, 13, 14, 40, CPC 5115, 63297, 713, cuid de 742, 8675, 883, 887
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta; Trádáil trasteorann i seirbhísí

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO AE L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([10]) Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) Mianadóireacht agus cairéalú (ISIC Rev. 3.1 10, 11, 12: CPC 5115, 7131, 8675, 883)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair:

In BG: An tsirtheoireacht agus an taiscéalaíocht maidir le hacmhainní nádúrtha faoin talamh ar chríoch Phoblacht na Bulgáire, sa tseilf ilchríochach agus sa limistéar eacnamaíoch eisiach sa Mhuir Dhubh, tá na gníomhaíochtaí sin faoi réir ceada, agus is gníomhaíochtaí iad an t-eastóscadh agus an saothrú atá faoi réir lamháltais a dheonaítear faoin Acht um Acmhainní Nádúrtha faoin Talamh.

Cuideachtaí atá cláraithe i ndlínsí um chóir fhabhrach chánach (is é sin criosanna amach ón gcósta) nó atá gaolmhar, go díreach nó go hindíreach, leis na cuideachtaí sin, tá cosc orthu pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta oscailte maidir le ceadanna nó lamháltais um shirtheoireacht, thaiscéalaíocht nó eastóscadh acmhainní nádúrtha a dheonú, lena n-áirítear mianta úráiniam agus tóiriam, agus tá cosc orthu chomh maith cead nó lamháltas a deonaíodh cheana a oibriú, ó tharla go bhfuil bac ar a n-oibriú ag cuideachtaí den chineál sin, lena n-áirítear bac ar an bhféidearthacht fionnachtain gheolaíoch nó tráchtála fosaithe de thoradh taiscéalaíochta a chlárú.

Dúnadh mianadóireacht méine úráiniam le Foraithne Chomhairle na n-Airí Uimh. 163 an 20 Lúnasa 1992.

Maidir le mianadóireacht agus taiscéalaíocht méine tóiriam, tá feidhm ag córas ginearálta na gceadanna agus na lamháltas. Cinntí chun mianadóireacht méine tóiriam nó taiscéalaíocht chun teacht uirthi a cheadú, déantar iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach de réir an cháis.

De réir Chinneadh Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire an 18 Eanáir 2012 (ch. an 14 Meitheamh 2012) tá cosc ar aon úsáid teicneolaíochta um scoilteadh hiodrálach, is é sin, fraiceáil ar mhaithe le sirtheoireacht ola agus gáis, lena dtaiscéalaíocht, nó lena n-eastóscadh.

Tá cosc ar thaiscéalaíocht agus ar eastóscadh gáis scealla (ISIC 10, 11, 12, 13, 14).

Bearta:

BG: An tAcht um Acmhainní Nádúrtha faoin Talamh;

Acht na Lamháltas;

An Dlí um Príobháidiú agus Rialú Iarphríobháidithe;

An tAcht um Úsáid Shábháilte Fuinnimh Núicléach; Cinneadh ó Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bulgáire an 18 Eanáir 2012; Caidreamh Eacnamaíoch agus Airgeadais le Cuideachtaí a Cláraíodh in Dlínsí Cóireála Cánach Tosaíochta, leis na Daoine a Rialaítear ann agus lena n-Acht um Úinéirí Tairbhiúla; agus san Acht um Acmhainní Fodhromtha.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair:

In CY: Sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón, is gníomhaíochtaí iad a bhféadfaidh Comhairle na nAirí cead a ndéanaimh a dhiúltú d'aon eintiteas atá faoi smacht éifeachtach na Nua-Shéalainne nó náisiúnach den Nua-Shéalainn. Tar éis údarú a dheonú, ní fhéadfaidh aon eintiteas teacht faoi rialú díreach nó indíreach na Nua-Shéalainn ná faoi rialú díreach nó indíreach náisiúnaigh den Nua-Shéalainn, gan formheas Chomhairle na nAirí a fháil roimh ré. Féadfaidh Comhairle na nAirí diúltú údarú a dheonú d'eintiteas atá faoi smacht éifeachtach na Nua-Shéalainne nó náisiúnaigh den Nua-Shéalainn mura ndeonaíonn an Nua-Shéalainn údarú d'eintitis de chuid na Poblachta nó d'eintitis de chuid na mBallstát maidir le rochtain ar agus forfheidhmiú na ngníomhaireachtaí a bhaineann le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón, údarú atá inchomparáide leis an údarú a dheonaíonn na Ballstáit d'eintitis ón Nua-Shéalainn (ISIC Rev 3.1 1110).

Bearta:

CY: Dlí 2007 um Hidreacarbóin (Sirtheoireacht, Taiscéalaíocht agus Saothrú), (Dlí 4(I)/2007) arna leasú.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Seirbhísí Trasteorann – Láithreacht áitiúil:

In SK: Maidir leis an mianadóireacht, gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mianadóireacht agus gníomhaíocht gheolaíoch, is gá corprú in LEE (gan bhrainsí). Gníomhaíochtaí mianadóireachta agus cuardaigh a chumhdaítear le hAcht 44/1988 Phoblacht na Slóvaice um acmhainní nádúrtha a chosaint agus a shaothrú, rialaítear iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear trí bhearta beartais phoiblí lena bhféachtar le caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, ar nós teicneolaíochtaí áirithe mianadóireachta a údarú nó a thoirmeasc. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar na bearta sin toirmeasc a chur ar láisteadh ciainíde a úsáid chun mianraí a chóireáil nó a scagadh, agus an ceanglas údarú sonrach a fháil ionas gur féidir tabhairt faoin bhfraiceáil ar mhaithe le sirtheoireacht, taiscéalaíocht nó eastóscadh ola agus gáis, chomh maith le formheas a fháil roimh ré trí bhíthin reifreann áitiúil i gcás acmhainní mianracha núicléacha/raidighníomhacha. Ní chuireann sé sin gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith. (ISIC 10, 1112, 13, 14, CPC 5115, 7131, 8675 agus 883).

Bearta:

SK: Acht 51/1988 um an Mianadóireacht, Pléascáin agus Riarachán Mianadóireachta Stáit; agus Acht 569/2007 um Ghníomhaíocht Geolaíochta, Acht 44/1988 um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Acmhainní mianra a thaiscéaladh agus a shaothrú, tá sé faoi réir ceanglas ceadúnaithe dheonaíonn an Rialtas maidir le mianadóireacht ábhair núicléach. Tá cead fuascailte ón Rialtas don limistéar mianadóireachta ina cheangal. Féadfar cead a dheonú do dhuine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó duine dlíthiúil atá bunaithe in LEE (ISIC Leagan 3.1 120, CPC 5115, 883, 8675).

In IE: Ceanglaítear ar chuideachtaí taiscéalaíochta agus mianadóireachta atá ag oibriú in Éirinn láithreacht a bheith acu ansin. I gcás taiscéalaíochta i gcomhair mianraí, tá ceangal ann go bhfostódh cuideachtaí (Éireannacha agus eachtracha) seirbhísí gníomhaire nó bainisteoir taiscéalaíochta cónaitheach in Éirinn agus obair á déanamh. I gcás na mianadóireachta, tá sé ina cheanglas go mbeadh Léas nó Ceadúnas Mianadóireachta Stáit i seilbh cuideachta atá corpraithe in Éirinn. Níl aon srian ann maidir le húinéireacht cuideachta den sórt sin (ISIC Rev. 3.1 10, 3.1 13, 3.1 14, CPC 883).

In LT: Tá gach acmhainn mianraí fodhromchla (fuinneamh, miotail, mianraí tionsclaíocha agus tógála) sa Liotuáin faoi úinéireacht stáit eisiach. Féadfar ceadúnais taiscéalaíochta geolaíche nó saothraithe acmhainní mianraí a dheonú do dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air nó uirthi san Aontas agus in LEE nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus in LEE.

Bearta:

FI: Kaivoslaki (an tAcht Mianadóireachta) (621/2011); agus

Ydinenergialaki (An tAcht um Fhuinneamh Núicléach) (990/1987).

IE: Na hAchtanna um Fhorbairt Mianraí 1940 – 2017; agus Achtanna Pleanála agus Rialacháin Chomhshaoil.

LT: Bunreacht Phoblacht na Liotuáine, 1992; leasú deireanach 21 Márta 2019 Uimh. XIII-2004; An Dlí Faoi Thalamh Uimh. I-1034, 1995, atheagrú nua ón 10 Aibreán 2001 Uimh. IX-243, leasú deireanach 14 Aibreán 2016 Uimh. XII-2308.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SI: Tá taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianraí, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialáilte, faoi réir bunaíocht in LEE, i gCónaidhm na hEilvéise nó i gcomhalta de chuid ECFE nó faoi réir saoránacht dá gcuid (ISIC Rev. 3.1 10, ISIC Rev. 3.1 11, ISIC Rev. 3.1 12, ISIC Rev. 3.1 13, ISIC Rev. 3.1 14, CPC 883, CPC 8675).

Bearta:

SI: Acht Mianadóireachta 2014.

(b) Leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar píblíne breoslaí; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí phíblínte; Seirbhísí teagmhasacha do dháileadh fuinnimh (ISIC Rev. 3.1 40, 3.1 401, CPC 63297, 713, cuid de 742, 74220, 887)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AT: Maidir le gás a iompar, ní dheonaítear údarú ach do náisiúnaigh de Bhallstát de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. Ní mór go mbeadh a suíochán in LEE ag fiontair agus comhpháirtíochtaí. Ní mór d'oibreoir an líonra Stiúrthóir Bainistíochta agus Stiúrthóir Teicniúil a cheapadh - beidh an stiúrthóir teicniúil freagrach as rialú teicniúil oibriú an líonra, agus is gá don bheirt stiúrthóirí a bheith ina náisiúnaigh de bhallstát LEE. Maidir leis an ngníomhaireacht a dhéanann páirtí atá freagrach as cothromú, ní thugtar údarú ach do shaoránaigh den Ostair nó saoránaigh de Bhallstát eile den Aontas Eorpach nó de LEE.

Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais náisiúntachta agus sainchónaithe a léirscaoileadh i gcás ina measfar go bhfuil oibriú an líonra chun leas an phobail.

Maidir le hearraí eile seachas gás agus uisce a iompar, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

(i) i ndáil le daoine nádúrtha, ní dheonaítear údarú ach do náisiúnaigh de LEE, agus caithfidh duine suíomh a bheith aige san Ostair chun údarú a fháil; agus

(ii) is gá gur san Ostair a bheadh a suíomh ag fiontair agus comhpháirtíochtaí. Cuirtear Tástáil Riachtanas Eacnamaíoch nó tástáil leasa i bhfeidhm. Ní mór nach gcuirfeadh píblínte trasteorann leasanna slándála na hOstaire ná a stádas mar thír neodrach i mbaol. Ní mór d'fhiontair agus do chomhpháirtíochtaí stiúrthóir bainistíochta a cheapadh nach mór dó a bheith ina náisiúnach de Bhallstát LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais náisiúntachta agus na ceanglais maidir le suíomh a léirscaoileadh má mheastar go bhfuil oibriú na píblíne chun leas an gheilleagair náisiúnta (CPC 713).

Bearta:

AT: Rohrleitungsgesetz (Dlí maidir le hIompar Píblíne), BGBl. Uimh. 411/1975 arna leasú, § § 5, 15;

Gaswirtschaftsgesetz 2011 (An tAcht Gáis), BGBl. Uimh. 107/2011 arna leasú, § § 43, 44, 90, 93.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh, Cóir náisiúnta, Bainisteoireacht shinsearach agus boird stiúrthóra agus Trádáil trasteorann i seirbhísí –Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AT (tá feidhm aige le leibhéal réigiúnach rialtais amháin): Maidir le leictreachas a tharchur agus a dháileadh, ní dheonaítear údarú ach do náisiúnaigh de Bhallstát de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. Má cheapann an t-oibreoir stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa, léirscaoiltear an ceanglas sainchónaithe.

Ní mór go mbeadh a suíochán in LEE ag daoine dlítheanacha (fiontair) agus comhpháirtíochtaí. Ní mór dóibh stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa a cheapadh, agus ní mór go mbeadh an bheirt acu ina náisiúnaigh de Bhallstát de LEE agus sainchónaí orthu in LEE.

Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais sainchónaithe agus náisiúntachta a léirscaoileadh i gcás ina measfar go bhfuil oibriú an líonra chun leas an phobail (ISIC Rev. 3.1 40, CPC 887).

Bearta:

AT: Burgenländisches Elektrizitätswesengesetz 2006, LGBl. Uimh. 59/2006 arna leasú;

Niederösterreichisches Elektrizitätswesengesetz, LGBl. Uimh. 7800/2005 arna leasú;

Oberösterreichisches Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz 2006), LGBl. Uimh. 1/2006 arna leasú;

Salzburger Landeselektrizitätsgesetz 1999 (LEG), LGBl. Uimh. 75/1999 arna leasú;

Tiroler Elektrizitätsgesetz 2012 – TEG 2012, LGBl. Uimh. 134/2011 arna leasú;

Vorarlberger Elektrizitätswirtschaftsgesetz, LGBl. Uimh. 59/2003 arna leasú;

Wiener Elektrizitätswirtschaftsgesetz 2005 – WElWG 2005, LGBl. Uimh. 46/2005 arna leasú;

Steiermärkisches Elektrizitätswirtschafts- und Organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Uimh. 70/2005 arna leasú;

Kärntner Elektrizitätswirtschafts-und Organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Uimh. 24/2006 arna leasú;

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Is gá údarú a fháil chun tabhairt faoi ghiniúint, tarchur, dáileadh, trádáil agus gníomhaíochtaí eile de chuid oibreoirí margaidh leictreachais, faoi ghiniúint, tarchur, dáileadh, stóráil agus trádáil gháis, agus faoi ghiniúint agus dáileadh teasa. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach do dhuine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe aige nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas Eorpach. (ISIC Leagan 3.1 40, CPC 63297, 742, 887).

In LT: Ceadúnais le haghaidh tarchur, dáileadh, soláthar poiblí agus eagrú trádála leictreachais, ní fhéadfar iad a eisiúint ach chuig daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Liotuáine, nó chuig brainsí atá bunaithe i Poblacht na Liotuáine de chuid na nithe seo a leanas - daoine dlítheanacha eachtrannacha de chuid Ballstát eile, agus eagraíochtaí eile de chuid Ballstát eile. Ceadanna chun leictreachas a ghiniúint, acmhainní giniúna leictreachais a fhorbairt agus líne dhíreach a thógáil, féadfar iad a eisiúint chuig daoine a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na Liotuáine, chuig daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Liotuáine, nó chuig brainsí atá bunaithe i Poblacht na Liotuáine de chuid na nithe seo a leanas - daoine dlítheanacha eachtrannacha de chuid Ballstát eile, agus eagraíochtaí eile de chuid Ballstát eile. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí sainchomhairleoireachta i ndáil le tarchur agus dáileadh leictreachais ar bhonn táille nó conartha (ISIC Rev. 3.1 401, CPC 887).

I gcás breoslaí, tá gá le bunaíocht. Ceadúnais le haghaidh tarchuir agus dáilte, breoslaí a stóráil agus gás nádúrtha a leachtú, ní fhéadfar iad a eisiúint ach chuig daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Liotuáine, nó chuig brainsí atá bunaithe i Poblacht na Liotuáine de chuid na nithe seo a leanas - daoine dlítheanacha de chuid Ballstát eile, agus eagraíochtaí eile (fochuideachtaí) de chuid Ballstát eile.

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí sainchomhairleoireachta i ndáil le tarchur agus dáileadh breoslaí ar bhonn táille nó conartha (CPC 713, CPC 887).

In PL: Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh:

(i) breoslaí nó fuinneamh a ghiniúint, ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas: giniúint breoslaí soladacha nó gásacha; leictreachas a ghiniúint ag úsáid foinsí leictreachais nach mó ná 50 MW seachas foinsí fuinnimh in-athnuaite; comhghiniúint leictreachais agus teasa ag baint úsáide as foinsí na hacmhainne iomláine nach mó ná 5 MW seachas foinsí fuinnimh in-athnuaite; teas a ghiniúint ag úsáid foinsí na hacmhainne iomláine nach mó ná 5 MW;

(ii) stóráil breoslaí gásacha i suiteálacha stórála, leachtú gáis nádúrtha agus athghású gáis nádúrtha leachtaithe i suiteálacha GNL, mar aon le stóráil breoslaí leachtacha, ach amháin sna cásanna seo a leanas: stóráil áitiúil gáis leachta i suiteálacha ina bhfuil toilleadh is lú ná 1 MJ/s agus breoslaí leachtacha a stóráil i dtrádáil mhiondíola;

(iii) breoslaí nó fuinneamh a tharchur nó a dháileadh, ach amháin sna cásanna seo a leanas: dáileadh breoslaí gásacha in eangacha ar lú ná 1 MJ/S a dtoilleadh agus tarchur nó dáileadh teasa mura sáraíonn an toilleadh iomlán a ordaíonn custaiméirí 5 MW;

(iv) trádáil i mbreoslaí nó i bhfuinneamh, ach amháin i gcás: trádáil i mbreoslaí soladacha; an trádáil sa leictreachas ina n-úsáidtear suiteálacha voltais faoi bhun 1 kV atá faoi úinéireacht an chustaiméara; trádáil i mbreoslaí gásacha mura sáraíonn luach an láimhdeachais bhliantúil méid atá coibhéiseach le EUR 100 000; trádáil i ngás leachtach, mura sáraíonn luach an láimhdeachais bhliantúil EUR 10 000; agus an trádáil i mbreoslaí gásacha agus leictreachas a dhéantar ar mhalartuithe tráchtearraí trí thithe bróicéireachta a sheolann an ghníomhaíocht bhróicéireachta ar thráchtearraí malartaithe ar bhonn Acht an 26 Deireadh Fómhair 2000 maidir le malartuithe tráchtearraí, chomh maith leis an trádáil i dteas i gcás nach mó ná 5 MW an toilleadh a ordaíonn na custaiméirí. Níl feidhm ag na teorainneacha ar láimhdeachas maidir le seirbhísí trádála mórdhíola i mbreoslaí gásacha nó i ngás leachtach ná le seirbhísí miondíola gáis bhuidéalaithe.

Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas a dheonú ach d'iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó a phríomháit chónaithe cláraithe aige ar chríoch Bhallstát LEE nó Chónaidhm na hEilvéise (ISIC Rev. 3.1 040, CPC 63297, 74220, CPC 887).

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 458/2000 Coll um dhálaí gnó agus riarachán poiblí in earnálacha an fhuinnimh (An tAcht Fuinnimh).

LT: Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Gás Nádúrtha an 10 Deireadh Fómhair 2000 Uimh. VIII-1973, atheagrú nua ón 1 Lúnasa 2011 Uimh. XI-1564, leasú deireanach an 25 Meitheamh 2020 Uimh. XIII-3140; An Dlí maidir le Leictreachas Phoblacht na Liotuáine an 20 Iúil 2000 Uimh. VIII-1881, atheagrú nua ón 7 Feabhra 2012, arna leasú go deireanach an 17 Deireadh Fómhair 2019 Uimh. XIII-3336; Dlí maidir le bearta riachtanacha chun cosaint ar bhagairtí núicléacha leictreacha neamhshábháilte ó thríú tíortha an 20 Aibreán 2017 XIII-306, arna leasú go deireanach an 19 Nollaig 2019, Uimh. XIII-2705. Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Foinsí fuinnimh in-athnuaite an 12 Bealtaine 2011 Uimh. XI-1375.

PL: An tAcht um Dhlí Fuinnimh an 10 Aibreán 1997, Airteagail 32 agus 33.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SI: Leictreachas agus gás nádúrtha a tháirgeadh, a thrádáil, a sholáthar do chustaiméirí deiridh, a tharchur agus a dháileadh, tá sé faoi réir bunaíocht san Aontas Eorpach (ISIC Rev. 3.1 4010, 4020, CPC 7131, CPC 887).

Bearta:

SI: Energetski zakon (An tAcht Fuinnimh) 2014, Iris Oifigiúil RS, Uimh. 17/2014; agus an tAcht Mianadóireachta 2014.

Forchoimeádas Uimh. 16 – An talmhaíocht, an iascaireacht agus an mhonaraíocht

Earnáil – fo-earnáil:	Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht; feirmeoireacht ainmhithe agus réinfhianna, iascaireacht agus dobharshaothrú; foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta
Aicmiú tionscail:	ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015, 1531, 050, 0501, 0502, 221, 222, 323, 324, CPC 881, 882, 88442
Cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Ceanglais feidhmíochta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta; Trádáil trasteorann i seirbhísí
Leibhéal rialtais:	An tAontas/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) An talmhaíocht, an fiach agus an fhoraoiseacht (ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015, 1531, CPC 881)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In IE: Maidir le gníomhaíochtaí muilleoireachta plúir, tá bunaíocht cónaitheoirí eachtrannacha faoi réir údaraithe (ISIC Rev. 3.1 1531).

Bearta:

IE: An tAcht Tora Talmhaíochta (Arbhar), 1933.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FI: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh de Bhallstát de LEE ar a bhfuil cónaí sa limistéar tréadaíochta réinfhia bheith ina n-úinéir réinfhia agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh. Féadfar cearta eisiacha a dheonú.

In FR: Is gá údarú a fháil roimh ré chun bheith mar bhall de chomharchumann talmhaíochta nó gníomhú mar stiúrthóir air (ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015).

In SE: Ní fhéadfaidh ach daoine Sámacha bheith ina n-úinéirí ar réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh.

Bearta:

FI: Poronhoitolaki (An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna) (848/1990), Caibidil 1, § 4, agus Prótacal 3 a ghabhann le Conradh Aontachais na Fionlainne.

FR: Code rural et de la pêche maritime.

SE: An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna (1971:437), roinn 1.

(b) Iascaireacht agus dobharshaothrú (ISIC Rev. 3.1 050, 0501, 0502, CPC 882)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FR: Soitheach de chuid na Fraince a bhfuil bratach na Fraince ar foluain aige, ní fhéadfar údarú iascaireachta a eisiúint chuige ná a cheadú dó iascaireacht a dhéanamh ar bhonn cuótaí náisiúnta ach nuair a bhunaítear fíornasc eacnamaíoch le críoch na Fraince agus nuair is ó ghnóthas buan atá lonnaithe ar chríoch na Fraince a threoraítear agus a rialaítear an soitheach (ISIC Rev. 3.1 050, CPC 882).

Bearta:

FR: Code rural et de la pêche maritime.

(c) Monaraíocht – foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta (ISIC Rev. 3.1 221, 222, 323, 324, CPC 88442)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Seirbhísí Trasteorann – Láithreacht áitiúil: Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In LV: Níl sé de cheart ach ag daoine dlítheanacha atá corpraithe sa Laitvia agus daoine nádúrtha de chuid na Laitvia meáin ollchumarsáide a bhunú agus a fhoilsiú. Ní cheadaítear brainsí (CPC 88442).

Bearta:

LV: An Dlí um an bPreas agus Meáin Ollchumarsáide eile, roinn 8.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In DE: Is gá 'eagarthóir freagrach' (ainm agus seoladh iomlán duine nádúrtha) a shonrú i ngach nuachtán, iris nó tréimhseachán a scaiptear nó a phriontáiltear go poiblí. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheangal ar an eagarthóir freagrach é a bheith ina bhuanchónaitheoir de chuid na Gearmáine, an Aontais Eorpaigh, nó Ballstáit de LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil ar leibhéal réigiúnach an rialtais (ISIC Rev. 3.1 223, 22) eisceachtaí a cheadú.

Bearta:

DE:

Leibhéal réigiúnach:

Gesetz über die Presse Baden-Württemberg (LPG BW);

Bayerisches Pressegesetz (BayPrG);

Berliner Pressegesetz (BlnPrG);

Brandenburgisches Landespressegesetz (BbgPG);

Gesetz über die Presse Bremen (BrPrG);

Hamburgisches Pressegesetz;

Hessisches Pressegesetz (HPresseG);

Landespressegesetz für das Land Mecklenburg-Vorpommern (LPrG M-V);

Niedersächsisches Pressegesetz (NPresseG);

Pressegesetz für das Land Nordrhein-Westfalen (Landespressegesetz NRW);

Landesmediengesetz (LMG) Rheinland-Pfalz;

Saarländisches Mediengesetz (SMG);

Sächsisches Gesetz über die Presse (SächsPresseG);

Pressegesetz für das Land Sachsen-Anhalt (Landespressegesetz);

Gesetz über die Presse Schleswig-Holstein (PressG SH);

Thüringer Pressegesetz (TPG).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair:

In IT: Sa mhéid go gceadaíonn an tSile do náisiúnaigh agus d'fhiontair na hIodáile na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, ceadóidh an Iodáil do náisiúnaigh na Sile agus d'fhiontair na Sile na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi na coinníollacha céanna. A mhéid a cheadóidh an tSile d'infheisteoirí de chuid na hIodáile níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid na Sile a bheith ina seilbh acu, ceadóidh an Iodáil d'infheisteoirí de chuid na Sile níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid na hIodáile a bheith ina seilbh acu faoi na coinníollacha céanna (ISIC Rev. 3.1 221, 222).

Bearta:

IT: Dlí 416/1981, Airteagal 1 (agus leasuithe ina dhiaidh sin).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In PL: Is gá do phríomheagarthóirí nuachtán agus irisí a bheith ina náisiúnaigh de chuid na Polainne (ISIC Rev. 3.1 221, 222).

Bearta:

PL: Acht an 26 Eanáir 1984 um Dhlí an Phreasa, an Iris Dlíthe, Uimh. 5, mír 24, le leasuithe ina dhiaidh sin.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In SE: Ní mór go mbeadh cónaí sa tSualainn ar dhaoine nádúrtha atá ina n-úinéirí ar thréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear sa tSualainn nó mbeadh siad ina náisiúnaigh de Bhallstát de LEE. Ní mór d'úinéirí na dtréimhseachán sin ar daoine dlíthiúla iad a bheith bunaithe in LEE. Tréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear sa tSualainn agus taifid theicniúla, is gá dóibh eagarthóir freagrach a bheith acu, agus is gá don duine sin sainchónaí a bheith air sa tSualainn (ISIC Rev. 3.1 22, CPC 88442).

Bearta:

SE: An tAcht um Shaoirse an Phreasa (1949:105);

An Dlí Bunúsach um Shaoirse Cainte (1991:1469); agus

An tAcht um reachtanna le haghaidh an Achta um Shaoirse an Phreasa agus an Dlí Bhunúsaigh um Shaoirse Cainte (1991:1559).

Foscríbhinn 17-A-2

SCEIDEAL NA SILE

1. Le 'tuairisc' tugtar tuairisc neamh-cheangailteach ghinearálta ar an mbeart a ndéantar iontráil ina leith.

2. I gcomhréir le hAirteagail 17.14 agus 18.8, níl feidhm ag Airteagail de Chuid III den Chomhaontú seo a shonraítear sa ghné Oibleagáidí lena mBaineann d'iontráil maidir le gnéithe neamh-chomhréireacha den dlí, den rialachán nó den bheart eile a shainaithnítear sa ghné Bearta den iontráil sin.

Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Foraithne 1.939, *Iris Oifigiúil*, an 10 Samhain 1977, Rialacha maidir le héadáil, riar agus diúscairt sócmhainní faoi úinéireacht Stáit, Teideal I (Decreto Ley 1.939, Diario Oficial, noviembre 10, 1977, Normas sobre adquisición, administración y disposición de bienes del Estado, Título I) Foraithne a bhfuil feidhm dlí aici (D.F.L.) 4 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Iris oifigiúil, an 10 Samhain 1967 (Decreto con Fuerza de Ley (D.F.L.) 4 del Ministerio de Relaciones Exteriores, Diario Oficial, noviembre 10, 1967)
Tuairisc:	Infheistíocht Ní fhéadfaidh an tSile an úinéireacht nó cearta eile ar 'thalamh Stáit' a dhiúscairt ach amháin chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid na Sile, mura mbeidh feidhm ag na heisceachtaí dlí is infheidhme, amhail i bhForaithne Dlí 1.939 (Decreto Ley 1.939). Chun na gcríoch sin, tagraíonn 'talamh Stáit' do thalamh atá faoi úinéireacht an Stáit suas le fad 10 gciliméadar ón teorainn agus suas le fad cúig chiliméadar ón gcósta, arna thomhas ón líne ardtaoide. Maoin dhochorraithe atá suite i limistéir a dhearbhaítear mar 'chrios talún críche' de bhun D.F.L. 4 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha (D.F.L. del Ministerio de Relaciones Exteriores, 1967), ní fhéadfaidh na daoine a leanas í a fháil mar mhaoin nó in aon teideal eile (1) daoine nádúrtha a bhfuil náisiúntacht tíre comharsanaí acu; (2) daoine dlítheanacha agus a bpríomhshuíomh i dtír chomharsanach; (3) daoine dlítheanacha ag a bhfuil 40 % nó níos mó de chaipiteal atá faoi úinéireacht daoine nádúrtha a bhfuil náisiúntacht tíre comharsanaí acu; nó (4) daoine dlítheanacha faoi rialú éifeachtach daoine nádúrtha den sórt sin. D'ainneoin an mhéid sin roimhe seo, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an teorainn sin má dheonaítear díolúine le Foraithne Uachtarach (Decreto Supremo) bunaithe ar bhreithnithe leasa náisiúnta.
Earnáil:	Uile
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Foraithne a bhfuil feidhm dlí aici (D.F.L.) 1 na hAireachta Saothair agus Leasa Shóisialta, Iris Oifigiúil, 24 Eanáir 1994, Cód Saothair, Teideal Tosaigh, Leabhar I, Caibidil III (D.F.L. 1 del Ministerio del Trabajo y Previsión Social, Diario Oficial, enero 24, 1994, Código del Trabajo, Título Preliminar, Libro I, Capítulo III).

Tuairisc:	Infheistíocht Ní mór d'íosmhéid 85 % de na fostaithe a oibríonn don fhostóir céanna a bheith ina ndaoine nádúrtha Sileacha nó ina n-eachtrannaigh ag a bhfuil breis agus 5 bliana de chónaí sa tSile. Baineann an riail sin le fostóirí ag a bhfuil breis agus 25 fhostaí faoi chonradh fostaíochta (*contrato de trabajo* ([1])). Ní bheidh pearsanra ar saineolaithe teicniúla iad faoi réir na forála sin, de réir mar a chinneann an Stiúrthóireacht Saothair (*Dirección del Trabajo*). Is é a thuigfear as 'fostaí' aon duine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí intleachtúla nó ábhartha, faoi spleáchas nó fo-ordú, de bhun conradh fostaíochta.
Earnáil:	Cumarsáid
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht) Bainistíocht Shinsearach agus Boird Stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí 18.838, Iris Oifigiúil, an 30 Meán Fómhair 1989, An Chomhairle Náisiúnta Teilifíse, Teidil I, II agus III (Ley 18.838, Diario Oficial, septiembre 30, 1989, Consejo Nacional de Televisión, Títulos I, II y III) Dlí 18.168, Iris Oifigiúil, an 2 Deireadh Fómhair 1982, an Dlí um Theileachumarsáid Ghinearálta, Teidil I, II agus III (Ley 18.168, Diario Oficial, octubre 2, 1982, Ley General de Telecomunicaciones, Títulos I, II y III) Dlí 19.733, Iris Oifigiúil, 4 Meitheamh 2001, Dlí ar Shaoirsí Tuairime agus Faisnéise agus ar Fheidhmiú Iriseoireachta, Teidil I agus III (Ley 19.733, Diario Oficial, junio 4, 2001, Ley sobre las Libertades de Opinión e Información y Ejercicio del Periodismo, Títulos I y III)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Beidh sainchónaí cuibhunaithe sa tSile ag úinéir meán cumarsáide sóisialta, amhail na cinn a tharchuireann fuaimeanna, téacsanna nó íomhánna ar bhonn rialta, nó gníomhaireacht nuachta náisiúnta, i gcás duine nádúrtha, agus i gcás duine dlítheanach, bunófar sainchónaí sa tSile air nó beidh gníomhaireacht údaraithe aige chun oibriú laistigh de chríoch na Sile. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh na Sile a bheith ina n-uachtaráin, ina riarthóirí nó ina n-ionadaithe dlíthiúla ar dhuine dlítheanach den sórt sin. Maidir le húinéir lamháltais chun (a) seirbhísí teileachumarsáide; (b) seirbhísí teileachumarsáide idirmheánacha a sholáthraítear do sheirbhísí teileachumarsáide trí shaoráidí agus líonraí arna mbunú chun na críche sin; agus (c) craoladh fuaime, beidh an t-úinéir sin ina dhuine dlítheanach a bheidh bunaithe agus ina shainchónaí sa tSile.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl conradh fostaíochta (*contrato de trabajo*) éigeantach maidir le soláthar trádáil trasteorann i seirbhísí.

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh na Sile a bheith ina n-uachtaráin, ina mbainisteoirí, ina riarthóirí nó ina n-ionadaithe dlíthiúla ar dhuine dlítheanach den sórt sin.

I gcás seirbhísí craolacháin raidió poiblí, féadfaidh eachtrannaigh a bheith ar an mbord stiúrthóirí fad agus nach eachtrannaigh iad an tromlach.

I gcás meán cumarsáide sóisialta, ní mór don stiúrthóir atá freagrach ó thaobh dlí de agus don duine a dhéanann é a sheachaíocht a bheith ina Shileach, a bhfuil sainchónaí agus cónaí air, ach amháin má úsáideann an meán cumarsáide sóisialta teanga eile seachas Spáinnis.

Ní dheonófar iarrataí ar lamháltais craolacháin raidió phoiblí arna dtíolacadh ag daoine dlítheanacha ina bhfuil leas os cionn 10 % den chaipiteal ag eachtrannaigh ach amháin má sholáthraítear cruthúnas roimhe sin lena bhfíoraítear go ndeonaítear cearta agus oibleagáidí atá comhchosúil leis na cearta agus na hoibleagáidí a bheidh ag na hiarratasóirí sa tSile do náisiúnaigh Shileacha ina dtír thionscnaimh.

Féadfaidh an Chomhairle Náisiúnta Teilifíse (*Consejo Nacional de Televisión*) a bhunú, mar riachtanas ginearálta, go gcuimsíonn cláir a chraoltar trí chainéil teilifíse phoiblí (oscailte) suas le 40 % léiriúcháin Shileacha.

Earnáil: Fuinneamh

Fo-earnáil:

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir náisiúnta (Infheistíocht)

Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Bearta: Bunreacht Polaitiúil Phoblacht na Sile, Caibidil III (Constitución Política de la República de Chile, Capítulo III)

Dlí 18.097, Iris Oifigiúil, 21 Eanáir 1982, An Dlí Orgánach Bunreachtúil maidir le Lamháltais Mianadóireachta, Teidil I, II agus III (Ley 18.097, Diario Oficial, enero 21, 1982, Orgánica Comhchoinneálach sobre Mineras, Títulos I, II y III)

Dlí 18.248, Iris Oifigiúil, an 14 Deireadh Fómhair 1983, Cód Mianadóireachta, Teidil I agus II (Ley 18.248, Diario Oficial, octubre 14, 1983, Código de Minería, Títulos I y II)

Dlí 16.319, Iris Oifigiúil, 23 Deireadh Fómhair 1965, Coimisiún Fuinnimh Núicléach na Sile, Teidil I, II agus III (Ley 16.319, Diario Oficial, octubre 23, 1965, Crea la Comisión Chilena de Energía Nuclear, Títulos I, II y III)

Tuairisc: Infheistíocht

Eastóscadh, saothrú, agus cóireáil (*beneficio*) litiam, leachta nó hidreacarbón gásach, fosuithe d'aon chineál in uiscí farraige atá faoi réir dlínse náisiúnta, agus fosuithe d'aon chineál atá suite ina n-iomláine, nó a bhfuil cuid díobh suite, i limistéir a aicmítear mar limistéir a bhfuil tábhacht leo don tslándáil náisiúnta agus ina bhfuil éifeachtaí mianadóireachta, rud is féidir a cháiliú le dlí amháin, féadfaidh na nithe sin uile a bheith ina n-ábhair lamháltas riaracháin nó sainchonarthaí oibriúcháin, faoi réir ceanglais agus coinníollacha atá le cinneadh i ngach cás le hArd-Fhoraithne. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigtear nach n-áireofar leis an téarma 'cóir' (*beneficio*) stóráil, iompar nó mínghlanadh an ábhair fuinnimh dá dtagraítear sa mhír seo.

	Ní fhéadfaidh ach Coimisiún na Sile um Fhuinneamh Adamhach (*Comisión Chilena de Energía Nuclear*) fuinneamh núicléach a tháirgeadh chun críoch síochánta nó, faoi réir údarú ón gCoimisiún, i gcomhpháirt le tríú daoine. Má dheonaíonn an Coimisiún an t-údarú sin, féadfaidh sé téarmaí agus coinníollacha an údaraithe sin a chinneadh.
Earnáil:	Mianadóireacht
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Bunreacht Polaitiúil Phoblacht na Sile, Caibidil III (Constitución Política de la República de Chile, Capítulo III) Dlí 18.097, Iris Oifigiúil, 21 Eanáir 1982, An Dlí Orgánach Bunreachtúil maidir le Lamháltais Mianadóireachta, Teidil I, II agus III (Ley 18.097, Diario Oficial, enero 21, 1982, Orgánica Comhchoinneálach sobre Mineras, Títulos I, II y III) Dlí 18.248, Iris Oifigiúil, an 14 Deireadh Fómhair 1983, Cód Mianadóireachta, Teidil I agus III (Ley 18.248, Diario Oficial, octubre 14, 1983, Código de Minería, Títulos I y III) Dlí 16.319, Iris Oifigiúil, 23 Deireadh Fómhair 1965, Coimisiún Fuinnimh Núicléach na Sile, Teidil I, II agus III (Ley 16.319, Diario Oficial, octubre 23, 1965, Crea la Comisión Chilena de Energía Nuclear, Títulos I, II y III)
Tuairisc:	Infheistíocht Eastóscadh, saothrú, agus cóireáil (*beneficio*) litiam, leachta nó hidreacarbón gásach, fosuithe d'aon chineál in uiscí farraige atá faoi réir dlínse náisiúnta, agus fosuithe d'aon chineál atá suite ina n-iomláine, nó a bhfuil cuid díobh suite, i limistéir a aicmítear mar limistéir a bhfuil tábhacht leo don tslándáil náisiúnta agus ina bhfuil éifeachtaí mianadóireachta, rud is féidir a cháiliú le dlí amháin, féadfaidh na nithe sin uile a bheith ina n-ábhair lamháltas riaracháin nó sainchonarthaí oibriúcháin, faoi réir ceanglais agus coinníollacha atá le cinneadh i ngach cás le hArd-Fhoraithne. Tá sé de cheart ag an tSile an chéad tairiscint a dhéanamh ar phraghsanna agus ar théarmaí an mhargaidh chun táirgí mianraí a cheannach nuair atá tóiriam agus úráiniam iontu i gcainníochtaí suntasacha. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh an tSile a cheangal ar tháirgeoirí an chuid de na nithe seo a leanas a dheighilt ó tháirgí mianadóireachta: (a) hidreacarbóin leachtacha nó ghásacha; (b) litiam; (c) taiscthí d'aon chineál in uiscí farraige atá faoi réir dlínse náisiúnta; agus (d) taiscthí d'aon chineál atá suite go hiomlán nó go páirteach i limistéir atá aicmithe mar limistéir atá tábhachtach don tslándáil náisiúnta a bhfuil éifeachtaí mianadóireachta acu, ar cáiliú í nach ndéanfar ach le dlí, atá ann, i méideanna suntasacha, i dtáirgí mianadóireachta den sórt sin agus ar féidir iad a dheighilt go heacnamaíoch agus go teicniúil, lena seachadadh chuig an Stát nó lena ndíol thar ceann an Stáit; chun na gcríoch sin, ciallaíonn 'deighilt go heacnamaíoch agus go teicniúil' go mbeidh na costais a thabhaítear chun na ceithre chineál substaintí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a), (b) agus (c) thuas a aisghabháil trí nós imeachta teicniúil fónta agus chun na substaintí sin a thráchtálú agus a sheachadadh níos ísle ná a luach tráchtála.

	Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní bhunaítear leis na nósanna imeachta maidir le lamháltais riaracháin nó conarthaí oibríochta speisialta a dheonú, de réir mar is infheidhme, *per se*, cóir idirdhealaitheach i leith infheisteoirí coigríche. Má chinneann an tSile, áfach, aon cheann de na hacmhainní mianadóireachta thuasluaite a shaothrú trí phróiseas iomaíoch lena ndeonaítear lamháltas nó conradh oibriúcháin speisialta d'infheisteoirí, beidh an cinneadh bunaithe ar théarmaí na tairisceana amháin i bpróiseas trédhearcach tairisceana neamh-idirdhealaitheacha iomaíoch. Mura sonrófar a mhalairt faoi choinníollacha an chonartha nó an lamháltais, ní bheidh náisiúntacht an fhaighteora mar choinníoll le haistriú nó diúscairt iomlán aon chirt nó cuid de cheart a thugtar faoin gconradh nó faoin lamháltas ina dhiaidh sin. Thairis sin, is é Coimisiún na Sile um Fhuinneamh Núicléach (*Comisión Chilena de Energía Nuclear*) amháin, nó páirtithe arna n-údarú ag an gCoimisiún sin, a fhéadfaidh gníomhartha dlíthiúla a fhorghníomhú, nó dul ina mbun, maidir le hábhair adamhacha nádúrtha eastósctha agus litiam eastósctha, mar aon lena dtiúcháin, a ndíorthaigh agus a gcomhdhúile.
Earnáil:	Iascach
Fo-earnáil:	Dobharshaothrú
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Foraithne 430, téacs comhdhlúite, comhordaithe agus córasaithe Dhlí 18.892 ó 1989 agus a chuid modhnuithe, an Dlí Ginearálta maidir le hIascaigh agus Dobharshaothrú, Iris Oifigiúil, 21 Eanáir 1992 Teidil I agus VI (Decreto 430 el texto Refundido, coordinado y sistematizado de la ley 18.892, de 1989 y sus modificaces, Ley General de Pesca y acuicultura Ley 18.892, Diario Oficial, enero 21, 1992, Títulos I y VI)
Tuairisc:	Infheistíocht Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha nó dlítheanacha na Sile arna mbunú i gcomhréir le dlí na Sile agus eachtrannaigh a bhfuil cónaí buan orthu údarú nó lamháltas a bheith acu chun gníomhaíochtaí dobharshaothraithe a dhéanamh.
Earnáil:	An earnáil Iascaigh agus Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Iascaireacht
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Bearta:	Foraithne 430, téacs comhdhlúite, comhordaithe agus córasaithe Dhlí 18.892 ó 1989 agus a mhodhnuithe, an Dlí Ginearálta maidir le hIascaigh agus Dobharshaothrú, Iris Oifigiúil, 21 Eanáir 1992 Teidil I, III, IV agus IX (Foraithne 430 fija el texto Refundido, coordinado y sistematizado de la ley 18.892, de 1989 ys modificaciones, Ley General de Pesca y acuicultura, diario oficial, enero 21, 1992, Títulos I, III, IV y IX) Dlí Foraithne 2.222, Iris Oifigiúil, an 31 Bealtaine 1978, an Dlí Loingseoireachta, Teidil I agus II (Ley 2.222, Diario Oficial, octubre 31, 1978, Ley General de Telecomunicaciones, Títulos I y II)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha, arna mbunú i gcomhréir le dlí na Sile, agus eachtrannaigh a bhfuil cónaí buan orthu, ceadanna a bheith acu chun speicis hidreabhitheolaíocha a bhaint agus a ghabháil. Ní cheadaítear ach do shoithí de chuid na Sile iascaireacht a dhéanamh in uiscí inmheánacha, i bhfarraige theorann agus i limistéar eacnamaíoch eisiach na Sile. Is éard is 'soithí de chuid na Sile' ann na soithí sin a shainmhínítear sa Dlí Loingseoireachta (*Ley de Navegación*). Beidh rochtain ar ghníomhaíochtaí iascaireachta eastósctha tionsclaíocha faoi réir réamhchlárú an tsoithigh sa tSile. Ní fhéadfaidh ach duine nádúrtha nó dlítheanach ón tSile soitheach a chlárú sa tSile. Ní mór an duine dlítheanach sin a bheith bunaithe sa tSile agus sainchónaí príomhúil agus suíochán réadach éifeachtach aige sa tSile. Ní mór an t-uachtarán, an bainisteoir agus tromlach na stiúrthóirí nó na riarthóirí a bheith ina ndaoine nádúrtha den tSile. Ina theannta sin, ní mór do níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais a bheith i seilbh daoine nádúrtha nó dlítheanacha den tSile. Chun na gcríoch sin, maidir le duine dlítheanach a bhfuil rannpháirtíocht úinéireachta aige i nduine dlítheanach eile ar leis soitheach, ní mór dó na ceanglais thuasluaite a chomhlíonadh. Féadfaidh comhúinéireacht (*comunidad*) soitheach a chlárú más rud é (1) go bhfuil formhór na comhúinéireachta ina Siligh ag a bhfuil sainchónaí agus cónaí sa tSile; (2) gur daoine nádúrtha den Sile iad na riarthóirí; agus (3) gur le duine nádúrtha nó dlítheanach den tSile formhór chearta na comhúinéireachta (*comunidad*). Chun na gcríoch sin, ní mór do dhuine dlítheanach ag a bhfuil rannpháirtíocht úinéireachta i gcomhúinéireacht (*comunidad*) ar leis soitheach, na ceanglais thuasluaite a chomhlíonadh. Ní bheidh úinéir (duine nádúrtha nó dlítheanach) soithigh iascaireachta a cláraíodh sa tSile roimh an 30 Meitheamh 1991 faoi réir an cheanglais náisiúntachta thuasluaite. I gcásanna cómhalartachta a dheonaíonn aon tír eile do shoithí de chuid na Sile, féadfar soithí iascaireachta arna n-údarú go sonrach ag na húdaráis mhuirí de bhun cumhachtaí arna dtabhairt le dlí a dhíolmhú ó na ceanglais thuasluaite ar théarmaí coibhéiseacha arna soláthar ag an tír sin do shoithí na Sile. Beidh rochtain ar ghníomhaíochtaí iascaireachta ar mhionscála (*pesca artesanal*) faoi réir clárú sa Chlárlann um Iascaireacht Ceardaíochta (*Registro de Pesca Artesanal*). Ní dheonaítear clárú le haghaidh iascaireacht ar mhionscála (*pesca artesanal*) ach amháin do dhaoine nádúrtha den tSile agus do dhaoine nádúrtha eachtracha a bhfuil cónaí buan orthu, nó do dhuine dlítheanach den tSile atá comhdhéanta de na daoine sin.
Earnáil:	Seirbhísí speisialaithe
Fo-earnáil:	Gníomhairí custaim (*agentes de aduana*) agus bróicéirí (*despachadores de aduana*)

Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Foraithne a bhfuil feidhm dlí aici (D.F.L.) 30 ón Aireacht Airgeadais, Iris oifigiúil, an 13 Aibreán 1983, Leabhar IV (D.F.L 30 del Ministerio de Hacienda, Diario Oficial, abril 13, 1983, Libro IV) Foraithne a bhfuil feidhm dlí aici (D.F.L.) 2 ón Aireacht Airgeadais, 1998 (D.F.L. 2 del Ministerio de Hacienda, 1998)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha ón tSile a bhfuil cónaí orthu sa tSile gníomhú mar bhróicéirí custaim (*despachadores de aduana*) nó mar ghníomhairí (*agentes de aduana*) i gcríoch na Sile.
Earnáil:	Seirbhísí imscrúdaithe agus slándála
Fo-earnáil:	seirbhísí garda;
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Foraithne 1.773 ón Aireacht Gnóthaí Baile, Iris Oifigiúil, 14 Samhain 1994 (Decreto 1.773 del Ministerio del Interior, Diario Oficial, noviembre 14, 1994)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh na Sile agus cónaitheoirí buana seirbhísí a sholáthar mar ghardaí slándála príobháideacha.
Earnáil:	Seirbhísí gnó
Fo-earnáil:	Seirbhísí taighde
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Foraithne Uachtarach 711 ón Aireacht Cosanta Náisiúnta, Iris Oifigiúil, 15 Deireadh Fómhair 1975 (Decreto Supremo 711 del Ministerio de Defensa Nacional, Diario Oficial, octubre 15, 1975)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Ceanglófar ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha eachtracha a bhfuil rún acu taighde a dhéanamh i gcrios muirí 200 míle na Sile iarraidh a chur isteach 6 mhí roimh ré chuig Institiúid Hidreagrafach Arm na Sile (*Instituto Hidrográfico de la Armada de Chile*) agus comhlíonfaidh siad na ceanglais a bhunaítear sa rialachán comhfhreagrach. Ceanglófar ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha na Sile iarraidh a chur isteach 3 mhí roimh ré chuig Institiúid Hidreagrafach Arm na Sile (*Instituto Hidrográfico de la Armada de Chile*) agus comhlíonfaidh siad na ceanglais arna mbunú sa rialachán comhfhreagrach.
Earnáil:	Seirbhísí gnó

Fo-earnáil:	Seirbhísí taighde
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Foraithne a bhfuil feidhm dlí aici (D.F.L.) 11 ón Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha, Forbartha agus Athfhoirgníochta, Iris oifigiúil, an 5 Nollaig 1968 (D.F.L. 11 del Ministerio de Economía, Fomento y Reconstrucción, Diario Oficial, diciembre 5, 1968) Foraithne 559 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Iris Oifigiúil, 24 Eanáir 1968 (Foraithne 559 del Ministerio de Relaciones Exteriores, Diario Oficial, enero 24, 1968) D.F.L. 83 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Iris oifigiúil, an 27 Márta 1979 (D.F.L. 83 del Ministerio de Relaciones Exteriores, Diario Oficial, marzo 27, 1979) Foraithne Uachtarach 1166 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Iris Oifigiúil, an 20 Iúil 1999 (Decreto Supremo 1166 del Ministerio de Relaciones Exteriores, Diario Oficial, julio 20, 1999)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Daoine nádúrtha a ionadaíonn daoine dlítheanacha eachtracha, nó daoine nádúrtha a chónaíonn thar lear, a bhfuil sé beartaithe acu taiscéalaíocht a dhéanamh ar obair de chineál eolaíoch nó teicniúil, nó ar dhreapadóireacht sléibhe, i limistéir atá cóngarach do theorainneacha na Sile, déanfaidh siad iarratas ar an údarú iomchuí trí chonsal de chuid na Sile sa tír ina bhfuil sainchónaí ar na daoine nádúrtha sin. Ansin seolfaidh consal na Sile an t-iarratas sin go díreach chuig Stiúrthóireacht Náisiúnta Teorainneacha agus Imeallchríoch an Stáit (*Dirección Nacional de Fronteras y Límites del Estado*). Féadfaidh an Stiúrthóireacht a ordú go rachaidh duine nádúrtha amháin nó níos mó ón tSile atá ag obair sna gníomhaíochtaí gaolmhara iomchuí isteach sna taiscéalaíochtaí chun eolas a fháil ar na staidéir atá le déanamh. Déanfaidh Roinn Oibríochtaí Stiúrthóireacht Náisiúnta Teorainneacha agus Imeallchríoch an Stáit (*Departamento de Operaciones de la Dirección Nacional de Fronteras y Límites del Estado*) cinneadh agus fógróidh sí an ndéanann sí taiscéalaíocht gheografach nó eolaíoch atá le déanamh ag daoine dlítheanacha nó nádúrtha eachtracha sa tSile a údarú nó a dhiúltú. Déanfaidh Stiúrthóireacht Náisiúnta Teorainneacha agus Imeallchríoch an Stáit (*Dirección Nacional de Fronteras y Límites del Estado*) gach taiscéalaíocht a údarú agus a mhaoirsiú lena mbaineann obair de chineál eolaíoch nó teicniúil, nó dreapadóireacht sléibhe, a bhfuil sé beartaithe ag daoine dlítheanacha eachtracha nó daoine nádúrtha a chónaíonn thar lear a dhéanamh i limistéir atá cóngarach do theorainneacha na Sile.
Earnáil:	Seirbhísí gnó
Fo-earnáil:	Taighde sna heolaíochtaí sóisialta
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí 17.288, Iris Oifigiúil, 04 Feabhra 1970, Teideal V (Ley 17.288, Diario Oficial, octubre 4, 1970, Título V) Foraithne Uachtarach 484 ón Aireacht Oideachais, Iris Oifigiúil, 2 Aibreán 1991 (Decreto Supremo 484 del Ministerio de Educación, Diario Oficial, abril 2, 1991)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí

	Ní mór do dhaoine dlítheanacha eachtracha nó daoine dlíthiúla eachtracha a bhfuil rún acu tochailtí, suirbhéanna, promhadh nó ábhar antraipeolaíoch, seandálaíochta nó pailé-ointeolaíochta a bhailiú iarratas a dhéanamh ar chead ó Chomhairle na Séadchomharthaí Náisiúnta (*Consejo de Monumentos Nacionales*). D'fhonn an cead a fháil, ní mór don duine atá i gceannas ar an taighde a bheith ag gabháil d'institiúid eolaíoch eachtrach iontaofa agus ní mór dó a bheith ag obair i gcomhar le hinstitiúid eolaíochta rialtasach de chuid na Sile nó ollscoil de chuid Sile. Is féidir an cead sin a dheonú do (1) thaighdeoirí ón tSile a bhfuil an cúlra eolaíoch ábhartha acu sa tseandálaíocht, san antraipeolaíocht nó sa phailé-ointeolaíocht, atá deimhnithe go cuí de réir mar is iomchuí, agus a bhfuil tionscadal taighde agus urraíocht chuí institiúideach acu freisin; agus (2) thaighdeoirí eachtracha, ar choinníoll go bhfuil siad ag gabháil d'institiúid eolaíoch iontaofa agus go n-oibríonn siad i gcomhar le institiúid eolaíochta rialtasach nó ollscoil de chuid na Sile. Údarófar do stiúrthóirí nó coimeádaithe an mhúsaeim atá aitheanta ag Comhairle na Séadchomharthaí Náisiúnta (*Consejo de Monumentos Nacionales*), seandálaithe gairmiúla, antraipeolaithe nó phailé-ointeolaithe, de réir mar is cuí, agus baill Chumann Seandálaíochta na Sile (*Sociedad Chilena de Arqueología*) oibreacha a bhaineann le tarrthálais a dhéanamh. Is éard atá i gceist le hoibreacha a bhaineann le tarrthálas sonraí nó déantáin seandálaíochta, antraipeolaíochta nó pailé-ointeolaíochta nó speicis atá faoi bhagairt ag garchaillteanas a aisghabháil go práinneach.
Earnáil:	Seirbhísí gnó
Fo-earnáil:	Tionscail chlódóireachta, foilsitheoireachta agus tionscail ghaolmhara eile
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí 19.733, Iris Oifigiúil, 4 Meitheamh 2001, Dlí ar Shaoirsí Tuairime agus Faisnéise agus ar Fheidhmiú Iriseoireachta, Teidil I agus III (Ley 19.733, Diario Oficial, junio 4, 2001, Ley sobre las Libertades de Opinión e Información y Ejercicio del Periodismo, Títulos I y III)
Tuairisc:	Infheistíocht Beidh sainchónaí cuí-bhunaithe sa tSile ag úinéir meán cumarsáide sóisialta amhail nuachtáin, irisí nó téacsanna a fhoilsítear go rialta agus a bhfuil a seoladh foilsithe sa tSile, nó gníomhaireacht náisiúnta nuachta, i gcás duine nádúrtha agus, i gcás duine dlítheanach, bunófar sainchónaí air sa tSile nó beidh gníomhaireacht aige atá údaraithe chun oibriú laistigh de chríoch na Sile. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh na Sile a bheith ina n-uachtaráin, ina riarthóirí nó ina n-ionadaithe dlíthiúla ar an duine dlítheanach atá ag feidhmiú sa tSile, mar a thuairiscítear thuas. Ní mór sainchónaí agus cónaí sa tSile a bheith ar an stiúrthóir atá freagrach go dlíthiúil agus ar an duine a chuirfear ina ionad. Ní bheidh náisiúntacht na Sile ina ceangal i gcás ina n-úsáideann meán cumarsáide sóisialta teanga eile nach Spáinnis í.
Earnáil:	Seirbhísí gairmiúla

Fo-earnáil:	Seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta, leabharchoimeádta agus cánachais
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí 18.046, Iris Oifigiúil, 22 Deireadh Fómhair 1981, an Dlí um Chorparáidí, Teideal V (Ley 18.046, Diario Oficial, octubre 22, 1981, Ley de Sociedades Anónimas, Título V) Foraithne Uachtarach 702 ón Aireacht Airgeadais, Iris Oifigiúil, 6 Iúil 2012, Acht na gCorparáidí (Decreto Supremo 702 del Ministerio de Hacienda, Diario Oficial, julio 6, 2012, Reglamento de Sociedades Anónimas) Dlí Foraithne 1.097, Iris Oifigiúil, an 25 Iúil 1975, Teidil I, II, III agus IV (Decreto Ley 1.097, Diario Oficial, julio 25, 1975, Títulos I, II, III y IV) Dlí Foraithne 3.538, Iris Oifigiúil, an 23 Nollaig 1980, Teidil I, II, III agus IV (Decreto Ley 3.538, Diario Oficial, diciembre 23, 1980, Títulos I, II, III y IV) Ciorclán 2.714, 6 Deireadh Fómhair 1992 Ciorclán 1, 17 Eanáir 1989 Caibidil 19 Bailiú Nuashonraithe, Maoirseacht Norm Banc agus Institiúidí Airgeadais maidir le hIniúchóirí Seachtracha (Ciorclán 2.714, octubre 6, 1992; Ciorclán 1, enero 17, 1989; Capítulo 19 de la Recopilación Actualizada de Normas de la Superintendencia de Bancos e Instituciones Financieras sobre Auditores Externos) Ciorclán 327, 29 Meitheamh 1983 agus Ciorclán 350, 21 Deireadh Fómhair 1983, Maoirseacht Urrús agus Árachais (Ciorclán 327, junio 29, 1983 y Ciorclán 350, octubre 21, 1983, de la Superintendencia de Valores y Seguros)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Ní mór iniúchóirí seachtracha institiúidí airgeadais a chlárú i gClárlann na nIniúchóirí Seachtracha a choimeádann Coimisiún na Margaí Airgeadais (*Comisión para el Mercado Financiero*). Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanach de chuid na Sile atá ionchorpraithe de réir dlí mar chomhpháirtíochtaí (*sociedades de personas*) nó mar chomhlachais (*asociaciones*), arb iad seirbhísí iniúchóireachta a bpríomhréim ghnó, a bheith cláraithe ar an gClár.
Earnáil:	Seirbhísí gairmiúla
Fo-earnáil:	Seirbhísí dlí
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Cód Orgánaíoch Binsí, Teideal XV, Iris Oifigiúil, 9 Iúil 1943 (Código Orgánico de Tribunales, Título XV, Diario Oficial, julio 9, 1943) Foraithne 110 ón Aireacht Dlí agus Cirt, Iris Oifigiúil, 20 Márta 1979 (Decreto 110 del Ministerio de Justicia, Diario Oficial, marzo 20, 1979) Dlí 18.120, Iris Oifigiúil, 18 Bealtaine 1982 (Ley 18.120, Diario Oficial, Bealtaine 18, 1982)

Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí
	Ní údarófar ach náisiúnaigh Shile agus náisiúnaigh eachtracha a bhfuil cónaí orthu sa tSile, a bhfuil iomlán a gcuid staidéar dlí curtha i gcrích acu sa tír, chun cleachtadh mar dhlíodóirí (*abogados*).
	Ní údarófar ach dlíodóirí (*abogados*) atá cáilithe go cuí chun an dlí a chleachtadh cás a phléadáil i gcúirteanna na Sile agus an chéad chaingean dlí nó éileamh de chuid gach páirtí a chomhdú.
	Níl feidhm ag aon cheann de na bearta seo maidir le sainchomhairleoirí dlí eachtracha a chleachtann dlí idirnáisiúnta nó a thugann comhairle maidir leis an dlí idirnáisiúnta nó maidir le dlí an Pháirtí eile.
Earnáil:	Seirbhísí gairmiúla, teicniúla agus speisialaithe
Fo-earnáil:	Seirbhísí cúnta i riaradh an cheartais
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS)
	Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Cód Orgánaíoch Binsí, Teidil XI agus XII, Iris Oifigiúil, 9 Iúil 1943, (Código Orgánico de Tribunales, Títulos XI y XII, Diario Oficial, julio 9, 1943)
	An tAcht um Chlárlann na Réadmhaoine Stáit, Teidil I, II agus III, Iris Oifigiúil, 24 Meitheamh 1857 (Reglamento del Registro Conservador de Bienes Raíces, Títulos I, II y III, Diario Oficial, junio 24, 1857)
	Dlí 18.118, Iris Oifigiúil, 22 Bealtaine 1982, Teideal I (Ley 18.118, Diario Oficial, Bealtaine 22, 1982, Título I)
	Foraithne 197 ón Gnóthaí Eacnamaíocha, Forbartha agus Athfhoirgníochta, Iris Oifigiúil, 8 Lúnasa 1985 (Decreto 197 del Ministerio de Economía, Fomento y Reconstrucción, Diario Oficial, agosto 8, 1985)
	Dlí 18.175, Iris Oifigiúil, 28 Deireadh Fómhair 1982, Teideal III (Ley 18.175, Diario Oficial, octubre 28, 1982, Título III)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí
	Ní mór d'fhoghabhálacha ceartais (*auxiliares de la administración de justicia*) a bheith ina gcónaí sa chathair chéanna nó san áit chéanna ina bhfuil sainchónaí ar theach na cúirte a ndéanann siad seirbhísí a sholáthar ina leith.
	Beidh cosantóirí poiblí (*defensores públicos*), nótairí poiblí (*notarios públicos*), agus caomhnóirí (*conservadores*) ina ndaoine nádúrtha sa tSile agus comhlíonfaidh siad na ceanglais chéanna is gá chun bheith ina mbreithimh.
	Ní mór do chartlannaithe (*archiveros*), cosantóirí poiblí (*defensores públicos*) agus eadránaithe dlí (*árbitros de derecho*) a bheith ina ndlíodóirí (*abogados*) agus, dá bhrí sin, bheith ina náisiúnaigh Shileacha nó eachtrannacha a bhfuil cónaí orthu sa tSile agus a bhfuil iomlán a gcuid staidéar dlí curtha i gcrích acu sa tSile. Féadfaidh dlíodóirí de chuid an Pháirtí eile cuidiú le headráin agus iad ag déileáil le dlí an Pháirtí eile sin agus leis an dlí idirnáisiúnta agus nuair a iarrann na páirtithe príobháideacha é.
	Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha ón tSile a bhfuil ceart vótála acu, agus daoine nádúrtha eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu sa tSile agus an ceart vótála, feidhmiú mar fhreastalaithe próisis (*receptores judiciales*) agus mar aturnaetha cúirte uachtaracha (*procuradores del número*).

	Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha den tSile, daoine nádúrtha eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu sa tSile nó daoine dlítheanacha de chuid na Sile a bheith ina gceantálaithe (*martilleros públicos*). Ní mór do ghlacadóirí i bhféimheacht (*síndicos de quiebra*) céim ghairmiúil nó theicniúil arna deonú ag ollscoil nó ag institiúid ghairmiúil nó theicniúil atá aitheanta ag an tSile a bheith acu. Ní mór taithí 3 bliana ar a laghad a bheith ag glacadóirí i bhféimheacht sa réimse tráchtála, eacnamaíoch nó dlíthiúil.
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Seirbhísí iompair uisce agus loingseoireacht
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Foraithne 3.059, Iris Oifigiúil, 22 Nollaig 1979, Dlí maidir le Cur chun Cinn Cabhlach Cheannaíochta, Teidil I agus II (Decreto Ley 3.059, Diario Oficial, 22 de diciembre de 1979, Ley de Fomento a la Marina Mercante, Títulos I y II) Foraithne Uachtarach 237, Iris Oifigiúil, 25 Iúil 2001, Acht Dlí Foraithne 3.059, Teidil I agus II (Decreto Supremo 237, Diario Oficial, julio 25, 2001, Reglamento del Decreto Ley 3.059, Títulos I y II) Cód Tráchtála, Leabhar III, Teidil I, IV agus V (Código de Comercio, Libro III, Títulos I, IV y V)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Cuirtear seirbhísí friotháalacha in áirithe do shoithí náisiúnta nuair a aistrítear an lasta idir dhá chalafort sa tSile. Tá iompar muirí idirnáisiúnta lastais chuig an tSile nó ón tSile faoi réir phrionsabal na cómhalartachta. I gcás inar cheart don tSile, ar chúiseanna cómhalartachta, beart áirithinte lasta a ghlacadh is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta lasta idir an tSile agus tríú tír, déanfar an lasta atá forchoimeádta a iompar i soithí a bhfuil bratach na Sile ar foluain acu nó i soithí a mheastar gur soithí de chuid na Sile iad.
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Seirbhísí iompair uisce agus loingseoireacht
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach

Bearta:	Dlí Foraithne 2.222, Iris Oifigiúil, an 31 Bealtaine 1978, an Dlí Loingseoireachta, Teidil I, II, III, V agus VI (Ley 2.222, Diario Oficial, octubre 31, 1978, Ley General de Telecomunicaciones, Títulos I, II, III, V y VI) Cód Tráchtála, Leabhar III, Teidil I, IV agus V (Código de Comercio, Libro III, Títulos I, IV y V)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Ní fhéadfaidh ach duine nádúrtha nó dlítheanach ón tSile soitheach a chlárú sa tSile. Ní mór an duine dlítheanach sin a bheith bunaithe agus sainchónaí príomhúil agus suíochán réadach éifeachtach aige sa tSile. Ina theannta sin, ní mór do níos mó ná 50 % dá gcaipiteal a bheith i seilbh daoine nádúrtha nó dlítheanacha den tSile. Chun na gcríoch sin, ní mór do dhuine dlítheanach a bhfuil rannpháirtíocht úinéireachta aige i nduine dlítheanach eile ar leis soitheach na riachtanais uile thuasluaite a chomhlíonadh. Ní mór an t-uachtarán, an bainisteoir agus tromlach na stiúrthóirí nó na riarthóirí a bheith ina ndaoine nádúrtha den tSile. Féadfaidh comhúinéireacht (*comunidad*) soitheach a chlárú más rud é (1) go bhfuil formhór na comhúinéireachta ina Siligh ag a bhfuil sainchónaí agus cónaí sa tSile; (2) gur den tSile iad na riarthóirí; agus (3) gur le duine nádúrtha nó dlítheanach den tSile formhór chearta na comhúinéireachta. Chun na gcríoch sin, ní mór do dhuine dlítheanach ag a bhfuil rannpháirtíocht úinéireachta i gcomhúinéireacht (*comunidad*) ar leis soitheach, na ceanglais thuasluaite go léir a chomhlíonadh chun go measfar gur Sileach é. Féadfar soithí speisialta atá faoi úinéireacht daoine nádúrtha nó dlítheanacha eachtracha a chlárú sa tSile, má chomhlíonann na daoine sin na coinníollacha seo a leanas: (1) sainchónaí sa tSile; (2) an phríomhoifig sa tSile; nó (3) má théann siad i mbun gairme nó gníomhaíocht tráchtála ar bhealach buan sa tSile. Is éard is 'soithí speisialta' ann na soithí sin a úsáidtear i seirbhísí, in oibríochtaí nó chun críoch sonrach, a bhfuil gnéithe speisialta acu do na feidhmeanna a dhéanann siad, amhail tugaí, dreidirí, soithí eolaíochta nó áineasa, i measc nithe eile. Chun críocha na míre seo, ní áirítear soitheach iascaireachta ar shoitheach speisialta. Féadfaidh an t-údarás muirí cóir níos fearr a chur ar fáil bunaithe ar phrionsabal na cómhalartachta.
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Seirbhísí iompair uisce agus loingseoireacht
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí Foraithne 2.222, Iris Oifigiúil, an 31 Bealtaine 1978, an Dlí Loingseoireachta, Teidil I, II, III, IV agus V (Ley 2.222, Diario Oficial, octubre 31, 1978, Ley General de Telecomunicaciones, Títulos I, II, III, IV y V)

Foraithne Uachtarach 153, Iris Oifigiúil, 11 Márta 1966, Lena bhformheastar an tAcht Ginearálta um Chlárú an Pobail Mara agus Phearsanra Fluvial agus Lacustrine (Decreto Supremo 153, Diario Oficial, 11 marzo de 1966, Aprueba el Reglamento General de Matrícula del Personal de Gente de Mar, Fluvial y Lacustre)

Cód Tráchtála, Leabhar III, Teidil I, IV agus V (Código de Comercio, Libro III, Títulos I, IV y V)

Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí
	Beidh sé de cheangal ar shoithí eachtracha seirbhísí píolótaíochta, ancaireachta agus píolótaíochta cuain a úsáid nuair a éileoidh na húdaráis mhuirí amhlaidh. I ngníomhaíochtaí tochailte nó in ainlithe eile a dhéantar i gcalafoirt na Sile, ní úsáidfear ach tugaí a bhfuil bratach na Sile ar foluain acu.
	Beidh sé de cheangal ar chaptaein a bheith ina náisiúnaigh Shileacha agus go n-admhóidh na húdaráis ábhartha iad mar chaptaen. Ní mór d'oifigigh ar shoithí de chuid na Sile a bheith ina ndaoine nádúrtha ón tSile atá cláraithe i gClárlann na nOifigeach (*Registro de oficiales*). Ní mór do bhaill chriú shoithigh de chuid na Sile a bheith Siligh, an cead a bheith deonaithe ag an Údarás Muirí acu (*Autoridad Marítima*) agus a bheith cláraithe sa Chlárlann féin. Féadfar a mheas go bhfuil teidil ghairmiúla agus ceadúnais arna ndeonú ag tír eachtrach bailí chun dualgais oifigeach a chomhlíonadh ar shoithí de chuid na Sile de bhun réitigh chuí-réasúnaithe (*resolución fundada*) arna eisiúint ag Stiúrthóir an Údaráis Mhuirí.
	Is náisiúnaigh Shileacha a bheidh sna captaein loinge (*patrón de nave*). Is éard is captaen loinge ann duine nádúrtha a bhfuil sé de chumhacht aige, de bhun an teidil chomhfhreagraigh a bhronn Stiúrthóir an Údaráis Mhuirí, bheith i gceannas ar shoithí beaga agus ar shoithí speisialta móra áirithe.
	Beidh sé de cheangal ar chaptaein bád iascaireachta (*patrones de pesca*), meaisíneoirí (*mecánicos-motoristas*), oibreoirí meaisín (*motoristas*), iascairí muirghabhála (*marineros pescadores*), iascairí mionscála (*pescadores*), fostaithe nó oibrithe teicniúla trádála tionsclaíche nó muirí, agus criúnna tionsclaíocha agus ginearálta seirbhíse loinge ar mhonarchana iascaireachta nó ar bháid iascaireachta a bheith ina náisiúnaigh Shileacha. Údarófar d'eachtrannaigh a bhfuil sainchónaí orthu sa tSile na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh arna iarraidh sin d'oibreoirí long (*armadores*) toisc go bhfuil siad fíor-riachtanach chun na gníomhaíochtaí sin a thionscnamh.
	Chun bratach na Sile a chur ar foluain, ní mó don chaptaen loinge (*patrón de nave*), oifigigh agus criú a bheith ina náisiúnaigh Shileacha. Mar sin féin, más gá sin, féadfaidh an Ard-Stiúrthóireacht um an gCríoch Mhuirí agus an Chabhlach Cheannaíochta (*Dirección General del Territorio Marítimo y de Marina Mercante*), ar bhonn rúin chuí-réasúnaithe (*resolución fundada*) agus ar bhonn sealadach, fruiliú pearsanra eachtrannaigh a údarú, cé is moite den chaptaen, nach mór dó a bheith ina náisiúnach Sileach i gcónaí.
	Ní údarófar ach daoine nádúrtha nó dlítheanacha Sileacha chun gníomhú sa tSile mar oibreoirí ilmhódacha.
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Seirbhísí iompair uisce agus loingseoireacht
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS)
	Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht)
	Láithreacht áitiúil (CBTS)

Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Cód Tráchtála, Leabhar III, Teidil I, IV agus V (Código de Comercio, Libro III, Títulos I, IV y V) Dlí Foraithne 2.222, Iris Oifigiúil, an 31 Bealtaine 1978, an Dlí Loingseoireachta, Teidil I, II agus IV (Ley 2.222, Diario Oficial, octubre 31, 1978, Ley General de Telecomunicaciones, Títulos I, II y IV) Foraithne 90 ón Aireacht Saothair agus Leasa Shóisialaigh, Iris Oifigiúil, 21 Eanáir 2000 (Decreto 90 del Ministerio de Trabajo y Previsión Social, Diario Oficial, enero 21, 2000) Foraithne 49 ón Aireacht Saothair agus Leasa Shóisialaigh, 16 Iúil 1999 (Decreto 49 del Ministerio de Trabajo y Previsión Social, Diario Oficial, julio 16, 1999) Cód Saothair, Leabhar I, Teideal II, Caibidil III, mír 2 (Código del Trabajo, Libro I, Título II, Capítulo III, párrafo 2)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Ceanglófar ar ghníomhairí loingseoireachta nó ionadaithe oibreoirí long, úinéirí nó captaein, cibé acu daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad, a bheith ina Siligh. Tá obair stuála agus duga a dhéanann daoine nádúrtha forchoimeádta do Shiligh atá creidiúnaithe go cuí ag an údarás comhfhreagrach chun an obair sin a dhéanamh agus a bhfuil oifig bunaithe acu sa tSile. Aon uair a dhéanann daoine dlítheanacha na gníomhaíochtaí sin, ní mór iad a bhunú go dlíthiúil sa tSile agus a sainchónaí príomhúil a bheith acu sa tSile. Ní mór don chathaoirleach, riarthóirí, bainisteoirí nó stiúrthóirí a bheith ina Siligh. Ní mór níos mó ná 50 % den chaipiteal corparáideach a bheith i seilbh daoine nádúrtha nó dlíthiúla Sileacha. Ainmneoidh fiontair den sórt sin gníomhaire cumhachtaithe amháin nó níos mó, a ghníomhóidh ina n-ionadaíocht agus ar náisiúnaigh Shileacha iad. Beidh sé de cheangal ar aon duine a dhíluchtaíonn, a thrasloingsíonn agus, go ginearálta, a úsáideann calafoirt ilchríochacha nó oileánacha Sileacha, go háirithe chun gabhálacha éisc a thabhairt i dtír nó chun gabhálacha éisc a phróiseáil ar bord, a bheith ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach Sileacha freisin.
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar talamh
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Foraithne Uachtarach 212 ón Aireacht Iompair agus Teileachumarsáide, Iris Oifigiúil, 21 Samhain 1992 (Decreto Supremo 212 del Ministerio de Transportes y Telecomunicaciones, Diario Oficial, noviembre 21, 1992) Foraithne 163 ón Aireacht Iompair agus Teileachumarsáide, Iris Oifigiúil, 4 Eanáir 1985 (Foraithne 163 del Ministerio de Transportes y Telecomunicaciones, Diario Oficial, enero 4, 1985)

	Foraithne Uachtarach 257 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Iris Oifigiúil, 17 Deireadh Fómhair 1991 (Decreto Supremo 257 del Ministerio de Relaciones Exteriores, Diario Oficial, octubre 17, 1991)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí
	Ní féidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha eachtracha atá cáilithe chun seirbhísí iompair idirnáisiúnta a sholáthar i gcríoch na Sile seirbhísí iompair áitiúla a sholáthar ná páirt a ghlacadh ar bhealach ar bith sna gníomhaíochtaí sin i gcríoch na Sile.
	Ní údarófar ach cuideachtaí a bhfuil sainchónaí iarbhír agus éifeachtach acu sa tSile agus a eagraítear faoi dhlíthe na Sile, na hAirgintíne, na Bolaive, na Brasaíle, Pheiriú, Uragua nó Paragua chun seirbhísí iompair talún idirnáisiúnta a sholáthar idir an tSile agus an Airgintín, an Bholaiv, an Bhrasaíl, Peiriú, Uragua nó Paragua.
	Thairis sin, chun cead iompair idirnáisiúnta ar talamh a fháil, i gcás daoine dlítheanacha eachtracha, sealbhóidh náisiúnaigh na Sile, na hAirgintíne, na Bolaive, na Brasaíle, Pheiriú, Uragua nó Paragua níos mó ná 50 % dá chaipiteal corparáideach agus dá rialú éifeachtach.
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar ar talamh
Oibleagáidí lena mBaineann:	Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht)
Leibhéal Rialtais:	Lárnach
Bearta:	Dlí 18.290, Iris Oifigiúil, 07 Feabhra 1984, Teideal IV (Ley 18.290, Diario Oficial, octubre 7, 1984, Título IV)
	Foraithne Uachtarach 485 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Iris Oifigiúil, 7 Meán Fómhair 1960, Coinbhinsiún na Ginéive (Decreto Supremo 485 del Ministerio de Relaciones Exteriores, Diario Oficial, septiembre 7, 1960, Convención de Ginebra)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí
	Saorghluaiseacht mótarfheithiclí ar a bhfuil plátaí ceadúnais eachtracha a théann isteach sa tSile ar bhonn sealadach, de bhun na bhforálacha a leagtar amach sa Choinbhinsiún um Thrácht ar Bhóithre, a rinneadh sa Ghinéiv an 19 Meán Fómhair 1949 (Coinbhinsiún na Ginéive), ar fud chríoch na Sile ar feadh na tréimhse a bhunaítear ann, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais arna mbunú le dlí na Sile.
	Féadfaidh sealbhóirí ceadúnas tiomána idirnáisiúnta bailí nó sealbhóirí deimhnithe arna n-eisiúint i dtír eachtrach i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive tiomáint in aon áit laistigh de chríoch na Sile. Déanfaidh tiománaí feithicle ar a bhfuil plátaí ceadúnais eachtracha agus a bhfuil ceadúnas tiománaí idirnáisiúnta aige na doiciméid lena ndeimhnítear ródacmhainneacht na feithicle agus úsáid agus bailíocht a chuid doiciméad pearsanta a thíolacadh, arna iarraidh sin do na húdaráis.

IARSCRÍBHINN 17-B

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA AMACH ANSEO

Príomhnótaí

1. Leagtar amach i sceidil na bPáirtithe in Iarscríbhinní 17-B-1 agus 17-B-2, de bhun Airteagail 17.14 agus 18.8, na forchoimeádais a ghlac na Páirtithe i ndáil le bearta atá ann cheana nó bearta nua nó bearta atá níos sriantaí nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a fhorchuirtear le:

(a) Airteagal 18.6;

(b) Airteagal 17.9 nó 18.4;

(c) Airteagal 17.11 nó 18.5;

(d) Airteagal 17.13; nó

(e) Airteagal 17.12.

2. Tá forchoimeádais Páirtí gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

3. I ngach forchoimeádas leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'earnáil' don earnáil ghinearálta ina nglactar an forchoimeádas;

(b) tagraíonn 'fo-earnáil' don earnáil shonrach ina nglactar an forchoimeádas;

(c) tagraíonn 'aicmiú tionscail', i gcás inarb infheidhme, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas de réir CPC, ISIC Rev. 3.1, nó mar a shonraítear go sainráite ar bhealach eile san fhorchoimeádas sin;

(d) le 'cineál forchoimeádais' sonraítear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith;

(e) le 'tuairisc' leagtar amach raon feidhme na hearnála, na fo-earnála nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas; agus

(f) le 'bearta atá ann cheana' sainaithnítear, chun críoch trédhearcachta, bearta atá ann cheana a bhfuil feidhm acu maidir leis an earnáil, leis an bhfo-earnáil nó leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas.

4. Agus forchoimeádas á léirmhíniú, déanfar gach eilimint den fhorchoimeádas sin a bhreithniú. Beidh tosaíocht ag eilimint na 'tuairisce' ar gach eilimint eile.

5. Chun críocha sceidil na bPáirtithe, ciallaíonn 'ISIC Rev. 3.1' Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach gníomhaíocht eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Rev. 3.1, 2002.

6. Chun críocha sceidil na bPáirtithe, maidir le forchoimeádas chun ceanglas a bheith ann maidir le láithreacht áitiúil i gcríoch an Pháirtí, glactar forchoimeádas ina leith sin i ndáil le hAirteagal 18.6 agus ní i ndáil le hAirteagal 17.9 nó 18.4 nó, in Iarscríbhinn 17-C, i ndáil le hAirteagal 18.7.

7. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Pháirtí AE, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh, maidir le beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal lárnach nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas. Maidir le forchoimeádas a ghlacann Ballstát, beidh feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den Bhallstát sin. Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, cumhdaítear leis an leibhéal lárnach rialtais, an rialtas feidearálach agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla inniúla ag gach ceann acu. Chun críocha fhorchoimeádais an Pháirtí AE, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland. Tá feidhm ag forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal na Sile maidir le beart de chuid an rialtais láir nó beart de chuid rialtais áitiúil.

8. Ní áirítear i sceidil na bPáirtithe bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú i gcás nach teorannú iad de réir bhrí Airteagail 17.9 agus 18.4. Leis na bearta sin, féadtar a chur san áireamh, go háirithe, an gá atá le ceadúnas a fháil, le hoibleagáidí seirbhíse uilíche a chomhlíonadh, le cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith gnóthaithe, le pas i scrúduithe sonracha a ghnóthú, lena n-áirítear scrúduithe teanga, le ceanglas ballraíochta i ngairm áirithe a chomhlíonadh, amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil, le gníomhaire áitiúil a bheith ar fáil le haghaidh seirbhíse, nó le seoladh áitiúil a choinneáil, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile nach bhféadfar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó limistéir chosanta. Cé nach liostaítear san Iarscríbhinn seo iad, tá feidhm ag na bearta sin fós.

9. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le hoibleagáid an Pháirtí AE chun cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear ceanglas maidir leis an gcóir chéanna a dheonaítear i mBallstát, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a leathnú chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid na Sile, ná maidir le haon bheart a ghlactar de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme i mBallstát, a leathnú chuig:

(a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí Ballstáit eile; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas Eorpach.

10. Maidir le cóir a dheonaítear do dhaoine dlítheanacha arna mbunú ag infheisteoirí Páirtí i gcomhréir le dlí an Pháirtí eile (lena n-áirítear, i gcás an Pháirtí AE, dlí Ballstáit) agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Pháirtí eile sin, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinníoll nó oibleagáid atá de bhun Chaibidil 17, a d'fhéadfadh a bheith forchurtha ar an duine dlítheanach sin nuair a bunaíodh é sa Pháirtí eile sin, agus a leanfaidh de bheith infheidhme.

11. Níl feidhm ag sceidil na bPáirtithe ach amháin maidir le críocha na bPáirtithe i gcomhréir le hAirteagal 41.2 agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an Páirtí AE agus an tSile. Ní dhéanann siad difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

12. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i sceideal an Pháirtí AE:

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

AT An Ostair

BE An Bheilg

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

EL An Ghréig

ES An Spáinn

FI An Fhionlainn

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Foscríbhinn 17-B-1

SCEIDEAL AN PHÁIRTÍ AE

Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil

Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla – seachas seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte

Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol cógaisíochta

Forchoimeádas Uimh. 4 – Seirbhísí gnó – seirbhísí taighde agus forbartha

Forchoimeádas Uimh. 5 – Seirbhísí gnó – seirbhísí réadmhaoine

Forchoimeádas Uimh. 6 – Seirbhísí gnó – seirbhísí cíosa nó léasaithe

Forchoimeádas Uimh. 7 – Seirbhísí gnó – seirbhísí gníomhaireachta bailithe agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa

Forchoimeádas Uimh. 8 – Seirbhísí gnó – seirbhísí socrúcháin

Forchoimeádas Uimh. 9 – Seirbhísí gnó – seirbhísí slándála agus imscrúdaithe

Forchoimeádas Uimh. 10 – Seirbhísí gnó – seirbhísí gnó eile

Forchoimeádas Uimh. 11 – Teileachumarsáid

Forchoimeádas Uimh. 12 – Foirgníocht

Forchoimeádas Uimh. 13 – Seirbhísí dáileacháin

Forchoimeádas Uimh. 14 – Seirbhísí oideachais

Forchoimeádas Uimh. 15 – Seirbhísí comhshaoil

Forchoimeádas Uimh. 16 – Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta

Forchoimeádas Uimh. 17 – Seirbhísí a bhaineann le turasóireacht agus taisteal

Forchoimeádas Uimh. 18 – Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Forchoimeádas Uimh. 19 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair

Forchoimeádas Uimh. 20 – Talmhaíocht, iascaireacht agus uisce

Forchoimeádas Uimh. 21 – Seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht agus fuinneamh

Forchoimeádas Uimh. 22 – Seirbhísí eile nach n-áirítear in aon áit eile

Forchoimeádas Uimh. 1 – Gach earnáil

Earnáil:	Gach earnáil
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Caibidil / Roinn:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Bunú

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: Srianta ar an gceart daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus ar dhaoine dlítheanacha, réadmhaoin a éadáil in Oileáin Åland agus seilbh a choinneáil uirthi gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland. Srianta ar dhaoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, nó ar aon fhiontar, maidir leis an gceart bunaíochta agus an ceart chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh, gan cead a bheith faighte acu ó údaráis inniúla Oileáin Åland.

Bearta atá ann cheana:

In FI: Ahvenanmaan maanhankintalaki (An tAcht um thalamh a éadáil in Åland) (3/1975), 2 §; agus Ahvenanmaan itsehallintolaki (An tAcht um Neamhspleáchas Åland) (1144/1991), 11 § .

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In FR: De bhun Airteagail L151-1 agus 153-1 et seq. den chód airgeadaíochta agus airgeadais, infheistíochtaí coigríche in FR in earnálacha a liostaítear in Airteagail R.151-3 den chód airgeadaíochta agus airgeadais, tá siad faoi réir formheas a fháil roimh ré ón Aire Geilleagair.

Bearta atá ann cheana:

In FR: Mar a leagtar amach san eilimint tuairisce mar a luaitear thuas.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In FR: Rannpháirtíocht eachtrannach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe a theorannú ionas gurb éard a bheidh ann méid athraitheach den chothromas a chuirtear ar fáil don phobal, méid a chinnfidh rialtas FR de réir an cháis. I gcás gníomhaíochtaí áirithe tráchtála, tionscail nó ceardaíochta, tá gá le húdarú sonrach maidir le bunaíocht mura bhfuil cead buanchónaithe ag an stiúrthóir bainistíochta.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In BG: Tá gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le saothrú nó úsáid réadmhaoine Stáit nó poiblí faoi réir lamháltais arna ndeonú faoi Acht na Lamháltas.

I gcorparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an Stát nó ag bardas, aon idirbheart chun sócmhainní seasta de chuid na corparáide a dhiúscairt ar mhaithe le haon chonradh a thabhairt i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, comhghníomhaíocht nó creidmheas a éadáil, sin agus infháltais a urrúsú, chomh maith le haon oibleagáid a thabhú a eascraíonn as billí malairte, tá na hidirbhearta, an t-urrúsú agus an tabhú céanna faoi réir a n-údaraithe nó a gceadaithe ag an nGníomhaireacht um Fhiontair Phoiblí agus Rialú nó ag comhlachtaí eile stáit nó réigiúnacha, cibé acu is údarás inniúil. Ní bhaineann an forchoimeádas sin leis an mianadóireacht ná leis an gcairéalú, atá faoi réir forchoimeádas ar leithligh i sceideal an Pháirtí AE in Iarscríbhinn 17-A a ghabhann leis an gComhaontú seo.

In IT: Féadfaidh an rialtas cumhachtaí speisialta áirithe a fheidhmiú i bhfiontair a oibríonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i ngníomhaíochtaí áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide. Tá feidhm aige sin maidir le gach duine dlítheanach a dhéanann gníomhaíochtaí a meastar go bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, ní hamháin maidir le cuideachtaí príobháidithe.

I gcás ina bhfuil an baol ann go ndéanfar mórdhíobháil do leasanna bunúsacha na cosanta agus na slándála náisiúnta, tá na cumhachtaí seo a leanas ag an rialtas:

(i) coinníollacha sonracha a fhorchur i gceannach scaireanna;

(ii) crosadh a dhéanamh ar rúin a ghlacadh a bhaineann le hoibríochtaí speisialta amhail aistrithe, cumaisc, deighilt agus athruithe gníomhaíochta; nó

(iii) diúltú do scaireanna a éadáil, i gcás ina bhfuil an ceannaitheoir ag féachaint le leibhéal rannpháirtíochta a bheith aige sa chaipiteal ar dócha go ndéanfadh sé dochar do leasanna na cosanta agus na slándála náisiúnta.

Aon rún, gníomh nó idirbheart (amhail aistrithe, cumaisc, deighilt, athrú gníomhaíochta nó foirceannadh) a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide, tabharfaidh an chuideachta lena mbaineann fógra faoi d'oifig an Phríomh-Aire. Tabharfar fógra go háirithe faoi éadálacha arna ndéanamh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach lasmuigh den Aontas Eorpach lena dtabharfar smacht ar an gcuideachta don duine sin.

Féadfaidh an Príomh-Aire na cumhachtaí speisialta seo a leanas a fheidhmiú:

(i) aon rún, gníomh nó idirbheart a chrosadh, ar bagairt eisceachtúil mórdhíobhála é do leas an phobail i dtaca le slándáil agus oibriú líonraí agus soláthairtí;

(ii) coinníollacha sonracha a fhorchur chun leas an phobail a ráthú; nó

(iii) éadáil a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil leasanna bunúsacha an Stáit i mbaol.

Leagtar síos sa dlí na critéir chun an fhíorbhagairt nó an bhagairt eisceachtúil a mheas, agus na coinníollacha agus nósanna imeachta chun na cumhachtaí speisialta a fheidhmiú.

Bearta atá ann cheana:

In IT: Dlí 56/2012 um chumhachtaí speisialta i gcuideachtaí a oibríonn sna réimsí cosanta agus slándála náisiúnta, fuinnimh, iompair agus cumarsáide; agus Foraithne an Phríomh-Aire DPCM 253 an 30 Samhain 2012 lena sainmhínítear na gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimse na cosanta agus na slándála náisiúnta.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In LT: Fiontair, earnálacha agus saoráidí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis na tslándáil náisiúnta.

Bearta atá ann cheana:

In LT: An Dlí um Nithe a Chosaint a mBaineann Tábhacht leo maidir le Slándáil Náisiúnta Phoblacht na Liotuáine a Áirithiú an 10 Deireadh Fómhair 2002 Uimh. IX-1132 (arna leasú go deireanach an 17 Meán Fómhair 2020, Uimh. XIII-3284).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In SE: Ceanglais idirdhealaitheacha le haghaidh bunaitheoirí, na bainistíochta sinsearaí agus na mbord stiúrthóirí nuair a dhéantar foirmeacha nua comhlachais dhlíthiúil a chorprú i ndlí na Sualainne.

(b) Réadmhaoin a éadáil

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In HU: Réadmhaoin atá faoi úinéireacht stáit a éadáil.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In HU: Éadáil talún arúla ag daoine dlítheanacha eachtrannacha agus daoine nádúrtha neamhchónaitheacha.

Bearta atá ann cheana:

HU: Acht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil II (Mír 6-36) agus Caibidil IV (Mír 38-59)); agus Acht CCXII 2013 um bearta idirthréimhseacha agus forálacha áirithe a bhaineann le hAcht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil IV (Mír 8-20)).

In LV: Éadáil talún tuaithe ag náisiúnaigh den tSile nó de thríú tír.

Bearta atá ann cheana:

LV: An dlí um príobháidiú talún i limistéir thuaithe, ss. 28, 29, 30.

In SK: Cuideachtaí eachtrannacha ná daoine nádúrtha eachtrannacha, ní fhéadfaidh siad talamh talmhaíochta ná talamh foraoise a éadáil lasmuigh de theorainneacha ceantair uirbigh bardais, agus tá roinnt tailte eile ann nach bhféadfaidh siad a éadáil (e.g. acmhainní nádúrtha, lochanna, aibhneacha, bóithre poiblí etc.).

Bearta atá ann cheana:

SK: Acht Uimh. 44/1988 um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha; Acht Uimh. 229/1991 um úinéireacht talún agus úinéireacht maoine talmhaíochta eile a rialáil; Acht Uimh. 460/1992 Bunreacht Phoblacht na Slóvaice; Acht Uimh. 180/1995 um bearta áirithe i gcomhair socruithe úinéireachta talún;

Acht Uimh. 202/1995 um malartú eachtrach; Acht Uimh. 503/2003 um úinéireacht talún talmhaíochta a thabhairt ar ais; Acht Uimh. 326/2005 um foraoisí; agus Acht Uimh. 140/2014 um éadáil úinéireachta talún talmhaíochta.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta; Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BG: Daoine nádúrtha eachtrannacha agus daoine dlítheanacha eachtrannacha, ní fhéadfaidh siad talamh a éadáil. Daoine dlítheanacha de chuid BG a bhfuil rannpháirtíocht eachtrannach acu, ní fhéadfaidh siad talamh talmhaíochta a éadáil. Daoine dlítheanacha eachtrannacha agus daoine nádúrtha eachtrannacha a bhfuil buanchónaí orthu thar lear, féadfaidh siad foirgnimh agus cearta réadmhaoine a éadáil (ceart úsáide, ceart tógála, ceart ollstruchtúr a thógáil agus daoirsí). Daoine nádúrtha eachtrannacha a bhfuil buanchónaí orthu thar lear, agus daoine dlítheanacha eachtrannacha ina n-áirithítear tromlach i nglacadh cinntí de bharr rannpháirtíocht eachtrannach nó ina gcuirtear bac ar chinntí a ghlacadh dá barr, féadfaidh siad cearta réadmhaoine a éadáil i limistéir gheografacha shonracha arna n-ainmniú ag Comhairle na nAirí, faoi réir cead a fháil.

Bearta atá ann cheana:

In BG: Bunreacht Phoblacht na Bulgáire, Airteagal 22; An Dlí um Úinéireacht agus Úsáid Talún Talmhaíochta, Airteagal 3; agus an Dlí um Fhoraoisí, Airteagal 10.

In EE: Daoine nádúrtha eachtrannacha nó daoine dlítheanacha eachtrannacha nach as LEE iad ná nach comhaltaí den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ('OECD') iad, ní fhéadfaidh siad sócmhainn dhochorraithe a éadáil a bhfuil talamh talmhaíochta agus/nó foraoise inti ach le húdarú an rialtóra contae agus na comhairle cathrach,

agus ní mór dóibh a chruthú, faoi mar a fhorordaítear le dlí, go n-úsáidfear an tsócmhainn dhochorraithe go héifeachtúil, go hinbhuanaithe agus d'aon ghnó de réir an chuspóra atá beartaithe lena haghaidh.

Bearta atá ann cheana:

EE: Kinnisasja omandamise kitsendamise seadus (An tAcht um Shrianta ar Éadáil Sócmhainní Dochorraithe) Caibidlí 2 agus 3.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In LT: Aon bheart atá comhsheasmhach leis na gealltanais a thug an tAontas Eorpach agus atá infheidhme in LT in GATS i ndáil le talamh a éadáil. An nós imeachta, na téarmaí agus coinníollacha, agus na srianta maidir le dáileacht talún a éadáil, bunófar iad leis an Dlí Bunreachtúil, leis an Dlí um Thalamh agus leis an Dlí um Thalamh Talmhaíochta a Éadáil. Mar sin féin, rialtais áitiúla (bardais) agus eintitis náisiúnta eile de chuid OECD agus d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, rialtais agus eintitis a ghabhann do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha in LT agus a shonraítear leis an dlí bunreachtúil i gcomhréir le critéir an Aontais Eorpaigh agus le lánpháirtiú eile a bhfuil LT tar éis dul ina bhun, tá cead acu dáileachtaí talún nach talamh talmhaíochta iad a éadáil, dáileachtaí a bhfuil gá acu leo chun na foirgnimh agus na saoráidí is gá le haghaidh a ngníomhaíochtaí díreacha a thógáil agus a oibriú.

Bearta atá ann cheana:

LT: Bunreacht Phoblacht na Liotuáine; Dlí Bunreachta Phoblacht na Liotuáine maidir le Cur Chun Feidhme Mhír 3 d'Airteagal 47 de Bhunreacht Phoblacht na Liotuáine an 20 Meitheamh 1996, Uimh. I-1392, atheagrú nua an 20 Márta 2003 Uimh. IX-1381, arna leasú go deireanach an 12 Eanáir 2018, Uimh. XIII-981; An dlí maidir le talamh an 26 Aibreán 1994 Uimh. I-446, atheagrú nua 27 Eanáir 2004 Uimh. IX-1983, arna leasú go deireanach an 26 Meitheamh 2020 Uimh. XIII-3165; An dlí maidir le talamh talmhaíochta a éadáil an 28 Eanáir 2003 Uimh. IX-1314, atheagrú nua ón 1 Eanáir 2018 Uimh. XIII-801, arna leasú go deireanach an 14 Bealtaine 2020 Uimh. XIII-2935; agus an Dlí Foraoise an 22 Samhain 1994 Uimh. I-671, atheagrú nua 10 Aibreán 2001 Uimh. IX-240, arna leasú go deireanach an 25 Meitheamh 2020 Uimh. XIII-3115.

(c) Aitheantas

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AE: Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí agus cáilíochtaí gairmiúla eile, níl feidhm acu ach maidir le saoránaigh an Aontais Eorpaigh. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialáilte a chleachtadh i mBallstát amháin, ní dheonaítear an ceart chun cleachtadh i mBallstát eile.

(d) Cóir an náisiúin barrfhabhair

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In AE: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun aon chonradh infheistíochta idirnáisiúnta nó aon chomhaontú trádála eile atá i bhfeidhm nó a síníodh roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

In AE: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun aon chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo:

(i) lena gcruthaítear margadh inmheánach i seirbhísí agus infheistíocht;

(ii) lena ndeonaítear an ceart bunaíochta; nó

(iii) a bhfuil sé de cheangal air comhfhogasú reachtaíochta a dhéanamh in earnáil eacnamaíoch amháin nó níos mó;

'margadh inmheánach i seirbhísí agus infheistíocht', ciallaíonn sé sin limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áirithítear saorghluaiseacht seirbhísí, caipitil agus daoine;

ciallaíonn ‘ceart bunaíochta’ oibleagáid deireadh a chur go substaintiúil le gach bacainn maidir le bunaíocht i measc pháirtithe an chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh, trí theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe sin. Cuimseofar sa cheart bunaíochta an ceart atá ag náisiúnaigh de pháirtithe an chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh fiontair a chur ar bun agus a oibriú faoi na coinníollacha céanna a chuirtear ar fáil do náisiúnaigh faoi dhlí an pháirtí ina ndéantar an bunú;

ciallaíonn ‘comhfhogasú reachtaíochta’:

(i) reachtaíocht páirtí amháin nó níos mó sa chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach a ailíniú le reachtaíocht an pháirtí nó na bpáirtithe eile sa chomhaontú sin; nó

(ii) reachtaíocht choiteann a ionchorprú i ndlí na bpáirtithe sa chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach.

Ní dhéanfar an t-ailíniú ná an t-ionchorprú sin, ná ní mheasfar go ndearnadh sé, go dtí an tráth a achtófar é i ndlí an pháirtí nó na bpáirtithe sa chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach.

Bearta atá ann cheana:

AE: Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]); Comhaontuithe Cobhsúcháin; Comhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise; agus Comhaontuithe Doimhne Cuimsitheacha Saorthrádála.

In AE: Cóir dhifreálach a thabhairt do náisiúnaigh nó d’fhiontair maidir leis an gceart bunaíochta trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo idir na Ballstáit seo a leanas: BE, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT, LU, NL, PT agus aon cheann de na tíortha nó na prionsachtaí seo a leanas: Andóra, Monacó, San Mairíne agus Stát Chathair na Vatacáine.

In DK, FI, SE: Bearta arna nglacadh ag DK, FI agus SE atá dírithe ar chomhar Nordach a chur chun cinn, mar seo a leanas:

(i) tacaíocht airgeadais le haghaidh tionscadail taighde agus forbartha (T&F) (an Ciste Tionscail Nordach);

(ii) staidéir indéantachta a chistiú le haghaidh tionscadail idirnáisiúnta (an Ciste Nordach le haghaidh Onnmhairí Tionscadail); agus

(iii) cúnamh airgeadais le haghaidh cuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht chomhshaoil (an Chorparáid Airgeadais Nordach le haghaidh an Chomhshaoil); is é cuspóir Nordic Environment Finance Corporation (NEFCO) [An Chorparáid Airgeadais Nordaigh le haghaidh an Chomhshaoil] infheistíochtaí Nordacha a chur chun cinn a bheidh chun leasa an chomhshaoil, lena leagfar béim ar Oirthear na hEorpa.

Tá an forchoimeádas seo gan dochar d’eisiamh an tsoláthair ag Páirtí nó d’fhóirdheontais i bhformhíreanna (e) agus (f) d’Airteagal 18.1(2) den Chomhaontú seo.

In PL: Féadfar síneadh a chur, trí chonarthaí tráchtála agus loingseoireachta, le coinníollacha fabhracha maidir le bunaíocht nó maidir le soláthar trasteorann seirbhísí, coinníollacha lena bhféadfar a chur san áireamh go gcuirfear deireadh le srianta áirithe a chumhdaítear sa liosta forchoimeádas is infheidhme in PL, nó go leasófar na srianta sin.

In PT: Ceanglais maidir le náisiúntacht a tharscaoileadh le haghaidh cleachtadh gníomhaíochtaí agus gairmeacha áirithe arna dhéanamh ag daoine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí le haghaidh tíortha inarb í an Phortaingéilis an teanga oifigiúil (Angóla, an Bhrasaíl, Cabo Verde, Guine-Bissau, an Ghuine Mheánchiorclach, Mósaimbíc, São Tomé agus Príncipe, agus Tíomór Thoir).

(e) Airm, muinisean agus ábhar cogaidh

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In AE: Airm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a dháileadh, nó trádáil iontu. Tá ábhar cogaidh teoranta d’aon táirge ar lena úsáid go míleata amháin, i ndáil le gníomhaíochtaí cogaidh nó cosanta a dhéanamh, a bheartaítear agus a dhéantar é.

([1]) IO CE L 1, 3.1.1994, lch. 3.

Forchoimeádas Uimh. 2 – Seirbhísí gairmiúla – seachas seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte

Earnáil:	Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí dlí: seirbhísí nótairí agus báillí; seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta; seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí comhairleacha cánachais; seirbhísí ailtireachta agus seirbhísí pleanála uirbí; seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite
Aicmiú tionscail:	Cuid de CPC 861, cuid de CPC 87902, 862, 863, 8671, 8672, 8673, 8674, cuid de CPC 879
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí dlí

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AE, cé is moite de SE: Soláthar seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí údaraithe dlí, seirbhísí doiciméadachta agus seirbhísí deimhnithe arna soláthar ag gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, '*huissiers de justice*' nó '*officiers publics et ministériels*' eile, agus i ndáil le seirbhísí a chuireann báillí ar fáil a cheaptar trí bhíthin acht oifigiúil rialtais (cuid de CPC 861, cuid de CPC 87902).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In BG: Cóir náisiúnta iomlán i leith bunú agus oibriú cuideachtaí, agus i leith soláthar seirbhísí chomh maith, ní féidir sin a leathnú ach chuig cuideachtaí atá bunaithe sna tíortha lenar tugadh socruithe fabhracha i gcrích nó lena dtabharfar socruithe fabhracha i gcrích, agus chuig saoránaigh na dtíortha sin (cuid de CPC 861).

In LT: Ní féidir le haturnaetha ó thíortha eachtrannacha a bheith rannpháirteach mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta (cuid de CPC 861), lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

(b) Seirbhísí iniúchóireachta (CPC – 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta)

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In BG: Iniúchóirí cláraithe is comhaltaí den Institiúid Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe, cuirfidh siad iniúchóireacht airgeadais neamhspleách chun feidhme. Faoi réir cómhalartachta, cláróidh Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí eintiteas iniúchóireachta as an tSile nó as tríú tír tar éis don eintiteas sin cruthúnas a thaispeáint ina léirítear:

(i) go mbeidh ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais atá ar iniúchóirí na Bulgáire á gcomhlíonadh ag trí cheathrú de chomhaltaí na gcomhlachtaí bainistíochta agus na n-iniúchóirí cláraithe atá ag déanamh na hiniúchóireachta thar ceann an eintitis, agus gur éirigh leis na comhaltaí sna scrúduithe chuige sin;

(ii) gur i comhréir leis na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht a dhéanfaidh an t-eintiteas iniúchóireachta an iniúchóireacht airgeadais neamhspleách; agus

(iii) go bhfoilseoidh an t-eintiteas iniúchóireachta tuarascáil trédhearcachta bhliantúil ar a láithreán gréasáin nó go gcomhlíonfaidh sé ceanglais choibhéiseacha eile maidir le nochtadh i gcás ina ndéanann sé iniúchóireacht ar eintitis leasa phoiblí.

Bearta atá ann cheana:

In BG: An tAcht um Iniúchóireacht Airgeadais Neamhspleách.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In CZ: Ní údaraítear chun iniúchtaí a dhéanamh i bPoblacht na Seice ach duine dlítheanach ina bhforchoimeádtar 60 % ar a laghad de na leasanna caipitil nó de na cearta vótála do náisiúnaigh de Phoblacht na Seice nó do náisiúnaigh de na Ballstáit.

Bearta atá ann cheana:

CZ: Leasaíodh Dlí an 14 Aibreán 2009 Uimh. 93/2009 Bail., maidir le hIniúchóirí.

(c) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí (CPC 8674)

Maidir le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In HR: Soláthar trasteorann pleanála uirbí.

Forchoimeádas Uimh. 3 – Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol cógaisíochta

Earnáil:	Seirbhísí gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, trádáil miondíola earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí
Aicmiú tionscail:	CPC 63211, 85201, 9312, 9319, 93121, 932
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Ceanglais feidhmíochta Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta; seirbhísí arna soláthar ag cnáimhseacha, altraí, pearsanra paraimhíochaine (CPC 63211, 85201, 9312, 9319, 932)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe, seachas seirbhísí a sholáthraíonn altraí (CPC 9312, 93191).

Bearta atá ann cheana:

In FI: Laki yksityisestä terveydenhuollosta (An tAcht um Chúram Sláinte Príobháideach) (152/1990).

In BG: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á maoiniú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn altraí, cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe (CPC 9312, cuid de 9319).

Bearta atá ann cheana:

In BG: An Dlí maidir leis an Acht um Bunaíocht Leighis, an tAcht um an Eagraíocht Ghairmiúil Altraí Leighis, na gCnáimhseach agus Chumann Gaolmhar na Speisialtóirí Leighis.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In CZ, MT: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á maoiniú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile (CPC 9312, cuid de 9319).

Bearta atá ann cheana:

In CZ: Acht Uimh. 296/2008 Bail., um Cháilíocht agus Sábháilteacht Fíochán agus Ceall Daonna a Chosaint atá Ceaptha le hÚsáid sa Duine ('An tAcht um Fíocháin agus Cealla Daonna'); Acht Uimh. 378/2007 Bail., maidir le hEarraí Cógaisíochta agus maidir le Leasuithe ar Roinnt Achtanna Gaolmhara (An tAcht maidir le hEarraí Cógaisíochta); Acht Uimh. 268/2014 Bail. maidir le feistí leighis agus lena leasaítear Acht Uimh. 634/2004 Bail. maidir le táillí riaracháin, arna leasú ina dhiaidh sin; Acht Uimh. 285/2002 Bail., maidir le Deonú, Tógáil agus Trasphlandú Fíochán agus Orgán agus maidir le Leasú ar Achtanna Áirithe (an tAcht um Thrasphlandú); Acht Uimh. 372/2011 Bail. maidir le seirbhísí sláinte agus maidir leis na coinníollacha a bhaineann lena soláthar; agus Acht Uimh. 373/2011 Bail., maidir le seirbhísí sláinte sonracha.

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de NL agus SE: Tá cónaí ina cheanglas le haghaidh soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile. Ní fhéadfaidh ach daoine ag a bhfuil láithreacht fhisiciúil i gcríoch an Aontais Eorpaigh na seirbhísí sin a sholáthar (CPC 9312, cuid de 93191).

In BE: Soláthar trasteorann gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis, fiaclóireachta agus cnáimhseach agus seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus pearsanra paraimhíochaine (cuid de CPC 85201, 9312, cuid de 93191).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In PT: Maidir le le gairmeacha fisiteiripeoirí, pearsanra paraimhíochaine agus póidiatraithe, féadfaidh gairmithe eachtracha cleachtadh ar bhonn cómhalartachta.

(b) Seirbhísí tréidliachta (CPC 932)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG: Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach bunaíocht leighis tréidliachta a bhunú.

Is do náisiúnaigh de LEE agus do bhuanchónaitheoirí amháin a cheadaítear cleachtadh na tréidliachta (tá láithreacht fhisiciúil ina ceangal ar bhuanchónaitheoirí).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In BE, LV: Soláthar trasteorann seirbhísí tréidliachta.

(c) Trádáil miondíola earraí cógaisíochta, míochaine agus ortaipéideacha, seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de BE, BG, EE, ES, IE agus IT: Ní féidir postdíol a dhéanamh ach idir Ballstáit de LEE, rud a fhágann go bhfuil bunaíocht in aon cheann de na tíortha sin ina ceanglas le haghaidh miondíol cógaisíochta agus earraí sonracha leighis leis an bpobal i gcoitinne san Aontas Eorpach.

In CZ: Ní féidir trádáil miondíola a dhéanamh ach ó Bhallstáit.

In BE: Is ó chógaslann atá bunaithe in BE amháin is féidir trádáil miondíola earraí cógaisíochta agus earraí sonracha leighis a dhéanamh.

In BG, EE, ES, IT agus LT: Trádáil miondíola trasteorann cógaisíochta.

In IE agus LT: Miondíol trasteorann cógaisíochta lena bhfuil oideas ag teastáil.

In PL: Ní mór idirghabhálaithe i dtrádáil táirgí íocshláinte a bheith cláraithe agus áit chónaithe nó oifig chláraithe a bheith acu ar chríoch PL.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: Trádáil miondíola táirgí cógaisíochta agus earraí leighis agus ortaipéideacha.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In SE: Trádáil miondíola earraí cógaisíochta agus soláthar earraí cógaisíochta don phobal i gcoitinne.

Bearta atá ann cheana:

AT: Arzneimittelgesetz (An tAcht um Chógas), BGBl. Uimh. 185/1983 arna leasú, § § 57, 59, 59a; agus

Medizinproduktegesetz (An Dlí maidir le Táirgí Leighis), BGBl. Uimh. 657/1996 arna leasú, § 99.

BE: Arrêté royal du 21 janvier 2009 portant instructions pour les pharmaciens; agus Arrêté royal du 10 novembre 1967 relatif à l'exercice des professions des soins de santé.

CZ: Acht Uimh. 378/2007 Bail., maidir le hEarraí Cógaisíochta, arna leasú; agus Acht Uimh. 372/2011 Bail., maidir le Seirbhísí Sláinte, arna leasú.

FI: Lääkelaki (An tAcht Leighis) (395/1987).

PL: An Dlí Cógaisíochta, Airteagal 73a (Iris Dlíthe 2020, mír 944, 1493).

SE: An Dlí maidir le trádáil i dtáirgí cógaisíochta (2009:336); Rialachán maidir le trádáil i dtáirgí cógaisíochta (2009:659); agus tá rialacháin bhreise glactha ag Gníomhaireacht na Sualainne um Tháirgí Míochaine, agus is féidir na sonraí fúthu a fháil ag (LVFS 2009:9).

Forchoimeádas Uimh. 4 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí taighde agus forbartha

Earnáil:	Seirbhísí taighde agus forbartha
Aicmiú tionscail:	CPC 851, 852, 853
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
Caibidil:	Trádáil trasteorann i seirbhísí
Tuairisc:	

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In RO: Soláthar trasteorann seirbhísí taighde agus forbartha.

Bearta atá ann cheana:

RO: Reacht Rialtais Uimh. 6 / 2011; Ordú ón Aire Oideachais agus Taighde Uimh. 3548 / 2006; agus Cinneadh Rialtais Uimh. 134 / 2011.

Forchoimeádas Uimh. 5 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí réadmhaoine

Earnáil:	Seirbhísí réadmhaoine
Aicmiú tionscail:	CPC 821, 822
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
Caibidil:	Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In CZ agus HU: Soláthar trasteorann seirbhísí réadmhaoine.

Forchoimeádas Uimh. 6 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí cíosa nó léasaithe

Earnáil:	Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí
Aicmiú tionscail:	CPC 832
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
Caibidil:	Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In BE agus FR: Soláthar trasteorann seirbhísí léasaithe nó cíosa gan oibreoir a bhaineann le hearraí pearsanta agus tí.

Forchoimeádas Uimh. 7 – Seirbhísí gnó – seirbhísí gníomhaireachta bailithe agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa

Earnáil:	Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin, seirbhísí tuairiscithe creidmheasa
Aicmiú tionscail:	CPC 87901, CPC 87902
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In AE cé is moite de ES, LV agus SE: maidir le soláthar seirbhísí gníomhaireachta bailithe agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa.

Forchoimeádas Uimh. 8 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí socrúcháin

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí gnó – seirbhísí socrúcháin
Aicmiú tionscail:	CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206 agus 87209
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de HU agus SE: Seirbhísí soláthair pearsanra tí, oibrithe tráchtála nó tionscail eile, foirne altranais agus eile (CPC 87204, 87205, 87206, 87209).

In BG, CY, CZ, DE, EE, FI, MT, LT, LV, PL, PT, RO, SI agus SK: Seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201).

In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, LT, LV MT, PL, PT, RO, SI agus SK: Bunú seirbhísí socrúcháin pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202).

In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, MT, LT, LV, PL, PT, RO, SI agus SK: Seirbhísí soláthair pearsanra tacaíochta oifige (CPC 87203).

Maidir le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de BE, HU agus SE: Soláthar trasteorann seirbhísí socrúcháin pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202).

In IE: Soláthar trasteorann seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201).

In FR, IE, IT agus NL: Soláthar trasteorann seirbhísí pearsanra oifige (CPC 87203).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In DE: Féadfaidh an Aireacht Fheidearálach Saothair agus Gnóthaí Sóisialta rialachán a eisiúint a bhaineann le pearsanra nach pearsanra de chuid an Aontais Eorpaigh agus LEE iad a lonnú agus a earcú le haghaidh gairmeacha sonraithe (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209).

Bearta atá ann cheana:

AT: § § 97 agus 135 d'Acht Trádála na hOstaire (Gewerbeordnung), Iris Oifigiúil Dhlí na Cónaidhme Uimh. 194/1994, arna leasú; agus an tAcht um Fhostaíocht Shealadach (Arbeitskräfteüberlassungsgesetz/AÜG), Iris Oifigiúil Uimh. 196/1988, arna leasú.

BG: An tAcht um Fhostaíocht a Spreagadh, Airteagail 26, 27, 27a agus 28.

CY: An Dlí um Ghníomhaireacht Phríobháideach Fostaíochta Uimh. 126(I)/2012, arna leasú; agus Dlí Uimh. 174(I)/2012, arna leasú.

CZ: An tAcht um Fhostaíocht (435/2004).

DE: Gesetz zur Regelung der Arbeitnehmerüberlassung (AÜG) (Dlí maidir le hobair ghníomhaireachta sheladach); Sozialgesetzbuch Drittes Buch (SGB III; Cód Sóisialta, Leabhar a Trí) – Cur Chun Cinn na Fostaíochta; agus Verordnung über die Beschäftigung von Ausländerinnen und Ausländern (BeschV; Reacht maidir le Fostaíocht Eachtrannach).

DK: § § 8a – 8f i bhforaithne dlí Uimh. 73 an 17 Eanáir 2014 agus a shonraítear i bhforaithne uimh. 228 an 7 Márta 2013 (fostaíocht maraithe); agus an tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006. S1(2) agus (3).

EL: Dlí 4052/2012 (Iris Oifigiúil an Rialtais 41 A) ar leasú le Dlí 4093/2012 (Iris Oifigiúil an Rialtais 222 A).

FI: Laki julkisesta työvoima- ja yrityspalvelusta (An tAcht um Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta agus Fiontair) (916/2012).

HR: An tAcht um Margadh an tSaothair (OG 118/18, 32/20); An tAcht Saothair (OG 93/14, 127/17, 98/19); agus an tAcht um Neamhnáisiúnaigh (OG 130/11, 74/13, 67/17, 46/18, 53/20).

IE: An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006. S1(2) agus (3).

IT: Foraithne Reachtach 276/2003, Airteagail 4, 5.

LT: Cód Saothair Phoblacht na Liotuáine, arna fhormheas le Dlí Uimh. XII-2603 an 14 Meán Fómhair 2016 ó Phoblacht na Liotuáine, arna leasú go deireanach an 15 Deireadh Fómhair 2020 Uimh. XIII-3334; agus an Dlí maidir le Stádas Dlíthiúil Neamhnáisiúnach i bPoblacht na Liotuáine an 29 Aibreán 2004 Uimh. IX-2206 arna leasú go deireanach an 10 Samhain 2020 Uimh. XIII-3412.

LU: Loi du 18 janvier 2012 portant création de l'Agence pour le développement de l'emploi (Dlí an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le gníomhaireacht a chruthú d'fhorbairt fostaíochta – ADEM).

MT: An tAcht Seirbhísí Fostaíochta agus Oiliúna, (Cap 343) (Airteagail 23 go 25); agus Rialacháin maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta (S.L. 343.24).

PL: Airteagal 18 d'Ionstraim an 20 Aibreán 2004 maidir le hinstitiúidí fostaíochta agus margaidh saothair a chur chun cinn (Dz.U. de 2015, Mír. 149, arna leasú).

PT: Dlí Foraithne Uimh. 260/2009 an 25 Meán Fómhair, arna leasú le Dlí Uimh. 5/2014 an 12 Feabhra; Dlí Uimh. 28/2016 an 23 Lúnasa 2016, agus Dlí Uimh. 146/2015 an 9 Meán Fómhair 2015 (rochtain agus soláthar seirbhísí ag gníomhaireachtaí socrúcháin).

RO: Dlí Uimh. 156/2000 maidir le cosaint saoránach Rómánach atá ag obair thar lear, arna athfhoilsiú, agus Cinneadh Rialtais Uimh. 384/2001 maidir leis na noirm mhodheolaíochta a fhormheas chun Dlí Uimh. 156/2000 a chur i bhfeidhm, le leasuithe ina dhiaidh sin; Reacht Uimh. 277/2002 ón Rialtas, arna mhodhnú le Reacht Uimh. 790/2004 ón Rialtas agus le Reacht Uimh. 1122/2010 ón Rialtas; agus Dlí Uimh. 53/2003 – Cód Saothair, arna athfhoilsiú, le leasuithe agus forlíonadh ina dhiaidh sin agus Cinneadh an Rialtais Uimh. 1256/2011 maidir leis na coinníollacha oibriúcháin agus an nós imeachta um údarú do ghníomhaireacht oibre shealadach.

SI: An tAcht um Rialáil Margaidh Saothair (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 80/2010, 21/2013, 63/2013, 55/2017); agus an tAcht um Fhostaíocht, Féinfhostaíocht agus Obair Neamhnáisiúnach – ZZSDT (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 47/2015), ZZSDT-UPB2 (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 1/2018).

SK: Acht Uimh. 5/2004 maidir le Seirbhísí Fostaíochta; agus Acht Uimh. 455/1991 maidir le Ceadúnú Trádála.

Forchoimeádas Uimh. 9 – Seirbhísí gnó – seirbhísí slándála agus imscrúdaithe

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí gnó – seirbhísí slándála agus imscrúdaithe
Aicmiú tionscail:	CPC 87301, 87302, 87303, 87304, 87305, 87309
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
	Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
	Ceanglais feidhmíochta
	Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG, CY, CZ, EE, LT, LV, MT, PL, RO, SI agus SK: Soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais.

In DK, HR agus HU: Soláthar na bhfo-earnálacha seo a leanas: seirbhísí garda (87305) in HR agus HU, seirbhísí comhairliúcháin slándála (87302) in HR, seirbhísí garda aerfoirt (cuid de 87305) in DK agus seirbhísí carr armúrtha (87304) in HU.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceangal ar bhoird stiúrthóirí fiontar a sholáthraíonn seirbhísí garda agus slándála (87305), chomh maith le sainchomhairleoireacht agus oiliúint a bhaineann le seirbhísí slándála (87302). Bainistíocht shinsearach cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí sainchomhairleoireachta garda agus slándála, ní mór iad a bheith ina náisiúnaigh chónaitheacha i mBallstát.

In FI: Ní fhéadfar ceadúnais maidir le soláthar seirbhísí slándála a dheonú ach amháin do dhaoine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó daoine dlítheanacha atá bunaithe in LEE.

In ES: Soláthar trasteorann seirbhísí slándála. Tá ceanglais maidir le náisiúntacht ann do phearsanra slándála príobháidí.

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BE, FI, FR agus PT: Ní cheadaítear do sholáthraí eachtrach seirbhísí slándála a sholáthar ar bhonn trasteorann. Tá ceanglais maidir le náisiúntacht ann do shainphearsanra in PT agus do stiúrthóirí agus stiúrthóirí bainistíochta in FR.

Bearta atá ann cheana:

BE: Loi réglementant la sécurité privée et particulière, 2 octobre 2017.

BG: An tAcht um Ghnó Slándála Príobháidí.

CZ: An tAcht um Cheadúnas Trádála.

DK: Rialachán maidir leis an tslándáil eitlíochta.

FI: Laki yksityisistä turvallisuuspalveluista (An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí) 282/2002.

LT: An Dlí um shlándáil Daoine agus Sócmhainní an 8 Iúil 2004. Uimh. IX-2327.

LV: An Dlí maidir le Gníomhaíochtaí Garda Slándála (Ranna 6, 7, 14).

PL: Acht an 22 Lúnasa 1997 maidir le cosaint daoine agus réadmhaoine (Iris Dlíthe 2016, mír 1432 arna leasú).

PT: Dlí 34/2013 alterada p/ Lei 46/2019, 16 maio 2019; agus Reacht 273/2013 alterada p/ Portaria 106/2015, 13 abril 2015.

SI: Zakon o zasebnem varovanju (An dlí maidir le slándáil phríobháideach).

(b) Seirbhísí imscrúdaithe (CPC 87301)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de AT agus SE: Soláthar seirbhísí imscrúdaithe.

Forchoimeádas Uimh. 10 – Seirbhísí gnó – seirbhísí gnó eile

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí gnó – seirbhísí gnó eile (seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta, seirbhísí dúblála, seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann le monarú)
Aicmiú tionscail:	CPC 86764, 86769, 87905, 87904, 884, 8868 agus 887
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Ceanglais feidhmíochta Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In HR: Soláthar trasteorann aistriúcháin agus ateangaireachta ar dhoiciméid oifigiúla.

(b) Seirbhísí dúblála (CPC 87904)

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In HU: Soláthar trasteorann seirbhísí dúbailte.

(c) Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann le monarú (cuid de CPC 884, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In HU: Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh, agus soláthar trasteorann seirbhísí a bhaineann le monarú, ach amháin seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann leis na hearnálacha sin.

(d) Cothabháil agus deisiú soithí, trealaimh iompair iarnróid agus aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 86764, 86769, 8868)

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de DE, EE agus HU: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair d'iarnród.

In AE, cé is moite de CZ, EE, HU, LU agus SK: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe soithí iompair ar uiscebhealaí intíre.

In AE, cé is moite de EE, HU agus LV: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe soithí muirí.

In AE, cé is moite de AT, EE, HU, LV, agus PL: Soláthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 86764, 86769, 8868).

In AE: Soláthar trasteorann seirbhísí suirbhéanna reachtúla agus deimhniúchán long.

Bearta atá ann cheana:

AE: Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(e) Seirbhísí gnó eile a bhaineann leis an eitlíocht

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In AE: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann leis na seirbhísí seo a leanas:

(i) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;

(ii) seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí ('CRS');

(iii) aerárthaí agus páirteanna díobh a chothabháil agus a dheisiú;

(iv) aerárthaí gan chriú a fháil ar cíos nó a léasú.

Forchoimeádas Uimh. 11 – Teileachumarsáid

Earnáil:	Seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In BE: Seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte.

Forchoimeádas Uimh. 12 – Foirgníocht

Earnáil:	Seirbhísí foirgníochta
Aicmiú tionscail:	CPC 51
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO AE L 131, 28.5.2009, lch. 11).

Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In LT: Ní thugtar an ceart chun cáipéisí dearaidh a ullmhú i gcomhair oibreacha foirgníochta a bhfuil tábhacht eisceachtúil leo ach d'fhiontar dearaidh atá cláraithe sa Liotuáin, nó fiontar dearaidh eachtrach atá formheasta ag institiúid arna húdarú ag an Rialtas le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin. Féadfar institiúid arna húdarú ag Rialtas na Liotuáine an ceart chun gníomhaíochtaí teicniúla a dhéanamh i bpríomhréimsí na foirgníochta a dheonú do dhuine nach Liotuánach é.

Forchoimeádas Uimh. 13 – Seirbhísí dáileacháin

Earnáil:	Seirbhísí dáileacháin
Aicmiú tionscail:	CPC 621, 62117, 62251, 62228, 62251, 62271, 8929, cuid de 62112, 62226, cuid de 62272, 62276, cuid de 631, 63108, cuid de 6329
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Ceanglais feidhmíochta
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Dáileadh táirgí cógaisíochta

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BG: Dáileadh trasteorann mórdhíola táirgí cógaisíochta (CPC 62251).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: Dáileadh táirgí cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929).

Bearta atá ann cheana:

BG: An Dlí maidir le Táirgí Leighis i Leigheas an Duine; agus an Dlí maidir le Feistí Leighis.

FI: Lääkelaki (An tAcht Leighis) (395/1987).

(b) Dáileadh deochanna alcólacha

In FI: Dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929)

Bearta atá ann cheana:

FI: Alkoholilaki (An tAcht um Alcól) (1102/2017).

(c) Dáileadh eile (cuid de CPC 621, 62228, 62251, 62271, cuid de 62272, 62276, 63108, cuid de 6329)

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BG: Dáileachán mórdhíola táirgí ceimiceacha, miotal agus cloch lómhar, substaintí leighis agus táirgí agus míreanna le haghaidh úsáid leighis; tobac agus táirgí tobac agus deochanna alcólacha.

Forchoimeádann BG an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn bróicéirí tráchtearraí.

Bearta atá ann cheana:

In BG: An Dlí maidir le Táirgí Leighis i Leigheas an Duine; An Dlí maidir le Feistí Leighis; An Dlí maidir le Gníomhaíocht Tréidliachta; An Dlí maidir le Toirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus maidir le Rialú ar Shubstaintí Ceimiceacha Tocsaineacha agus a Réamhtheachtaithe; An Dlí maidir le Tobac agus Táirgí Tobac; An Dlí maidir le Dleachtanna Máil agus Stórais Chánach; agus an Dlí maidir le Fíon agus Biotáillí.

Forchoimeádas Uimh. 14 – Seirbhísí oideachais

Earnáil:	Seirbhísí oideachais
Aicmiú tionscail:	CPC 92
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Ceanglais feidhmíochta Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: Seirbhísí oideachais a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith. I gcás ina gceadaítear do sholáthraí eachtrach seirbhísí oideachais a sholáthar arna gcistiú go príobháideach, féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa chóras oideachais a bheith faoi réir lamháltas arna leithdháileadh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

In AE, cé is moite de CZ, NL, SE agus SK: I ndáil le soláthar seirbhísí oideachais eile a chistítear go príobháideach, rud a chiallaíonn seirbhísí seachas iad sin a aicmítear mar sheirbhísí bunoideachais, meánoideachais, ardoideachais agus oideachais aosach (CPC 929).

In CY, FI, MT agus RO: Soláthar seirbhísí bunoideachais, meánoideachais, agus oideachais aosach a chistítear go príobháideach (CPC 921, 922, 924).

In AT, BG, CY, FI, MT agus RO: Soláthar seirbhísí ardoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 923).

In CZ agus SK: Ní mór formhór na gcomhaltaí de bhord stiúrthóirí bunaíochta a sholáthraíonn seirbhísí oideachais a chistítear go príobháideach a bheith ina náisiúnaigh den tír sin (CPC 921, 922, 923 i gcás SK seachas 92310, 924).

In SI: Ní féidir ach le daoine nádúrtha nó dlítheanacha Slóivéanacha bunscoileanna a chistítear go príobháideach a bhunú. Ní mór don soláthróir seirbhíse oifig chláraithe nó brainse a bhunú. Ní mór formhór na mball de bhord stiúrthóirí bunaíochta a sholáthraíonn seirbhísí meánoideachais nó ardoideachais a chistítear go príobháideach a bheith ina náisiúnaigh den tSlóivéin (CPC 922, 923).

In SE: Soláthróirí seirbhísí oideachais atá formheasta ag údaráis phoiblí chun oideachas a chur ar fáil. Baineann an forchoimeádas sin le soláthróirí seirbhísí oideachais atá á gcistiú go príobháideach agus a bhfuil tacaíocht éigin Stáit acu, *inter alia*, soláthróirí seirbhísí oideachais arna sainaithint ag an Stát, soláthróirí seirbhísí oideachais faoi mhaoirseacht an Stáit nó oideachas a thugann teidlíocht chun tacaíocht staidéir a fháil (CPC 92).

In SK: Tá cónaí in LEE ina cheangal ar sholáthróirí gach seirbhíse oideachais a chistítear go príobháideach, cé is moite de sheirbhísí teicniúla agus gairmoideachais iar-bhunscoile. (CPC 921, 922, 923 seachas 92310, 924).

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BG, IT agus SI: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí bunoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 921).

In BG, IT agus SI: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí meánoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 922).

In AT: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí oideachais aosach a chistítear go príobháideach trí chraoltóireacht raidió nó teilifíse (CPC 924).

Bearta atá ann cheana:

In BG: An tAcht um Oideachas Poiblí, Airteagal 12; An Dlí maidir leis an Ardoideachas, mír 4 de na forálacha breise; agus an tAcht Gairmoideachais agus Gairmoiliúna, Airteagal 22.

In FI: Perusopetuslaki (An tAcht um Bunoideachais) (628/1998); Lukiolaki (An tAcht um Meánscoileanna Uachtaracha Ginearálta) (629/1998); Laki ammatillisesta koulutuksesta (An tAcht um Ghairmoiliúint agus Gairmoideachas) (630/1998); Laki ammatillisesta koulutuksesta (An tAcht um Ghairmoideachas Aosach) (631/1998); Ammattikorkeakoululaki (An tAcht um Pholaiteicnicí) (351/2003); agus Yliopistolaki (An tAcht um Ollscoileanna) (558/2009).

In IT: Foraithne Ríoga 1592/1933 (An Dlí maidir le meánoideachas); Dlí 243/1991 (Ranníocaíocht phoiblí ócáideach le haghaidh ollscoileanna príobháideacha); Rún 20/2003 ó CNVSU (Comitato nazionale per la valutazione del sistema universitario); agus Foraithne Uachtarán na Poblachta (DPR) 25/1998.

In SK: Acht 245/2008 um an Oideachas; Acht 131/2002 um Ollscoileanna; agus Acht 596/2003 um an Riarachán Stáit san Oideachas agus um Féinriarachán Scoile.

Forchoimeádas Uimh. 15 – Seirbhísí comhshaoil

Earnáil – fo-earnáil:	Seirbhísí comhshaoil – bainistiú dramhaíola agus ithreach
Aicmiú tionscail:	CPC 9401, 9402, 9403, 94060
An cineál forchoimeádais:	Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In DE: Soláthar seirbhísí bainistithe dramhaíola seachas seirbhísí comhairleacha, agus i ndáil le seirbhísí a bhaineann le cosaint ithreach agus le bainistiú ithreacha éillithe, seachas seirbhísí comhairleacha.

Forchoimeádas Uimh. 16 – Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta

Earnáil:	Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta
Aicmiú tionscail:	(CPC 93, 931, 9403, 9312, cuid de 93191, 9311, cuid de 93192 agus 93199)

An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
	Cóir an náisiúin barrfhabhair
	Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
	Ceanglais feidhmíochta
	Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí sláinte – seirbhísí ospidéil, otharchairr agus sláinte cónaithe (CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In AE: Chun gach seirbhís sláinte a sholáthar a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith.

In AE: I gcás gach seirbhíse sláinte a fhaigheann cistiú príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil, otharchairr, agus saoráidí sláinte cónaithe a fhaigheann cistiú príobháideach, cé is moite de sheirbhísí ospidéil.

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla i dtaca leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, ar seirbhísí iad a chumhdaítear le forchoimeádais eile (CPC 931 cé is moite de 9312, cuid de 93191).

In AT, PL agus SI: Soláthar seirbhísí otharchairr a chistítear go príobháideach (CPC 93192).

In BE: seirbhísí otharchairr agus saoráidí sláinte cónaithe a bhunú, a chistítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil (CPC 93192, 93193).

In BG, CY, CZ, FI, MT agus SK: Soláthar seirbhísí ospidéil, otharchairr, agus seirbhísí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, cé is moite de sheirbhísí ospidéil (CPC 9311, 93192, 93193).

In FI: Soláthar seirbhísí eile a bhaineann le sláinte an duine (CPC 93199).

Bearta atá ann cheana:

In CZ: Acht Uimh. 372/2011 Bail. maidir le Seirbhísí Cúraim Sláinte agus maidir leis na Coinníollacha a bhaineann lena Soláthar.

In FI: Laki yksityisestä terveydenhuollosta (An tAcht um Chúram Sláinte Príobháideach) (152/1990).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta:

In DE: Soláthar Chóras Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina bhféadfaidh cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a sholáthar a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo nach seirbhísí iad, dá bhrí sin, atá 'gníomhaíochtaí arna ndéanamh i bhfeidhmiú údaráis rialtais'. Chun cóir níos fearr a thabhairt i gcomhthéacs comhaontú déthaobhach trádála maidir le soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta (CPC 93).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In DE: Úinéireacht ospidéal arna gcistiú go príobháideach agus arna reáchtáil ag Fórsaí na Gearmáine.

Náisiúnú a dhéanamh ar ospidéil ríthábhachtacha eile a chistítear go príobháideach (CPC 93110).

In FR: Soláthar seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne a chistítear go príobháideach.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FR: Soláthar seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne a chistítear go príobháideach (cuid de CPC 9311).

Bearta atá ann cheana:

FR: Code de la Santé Publique.

(b) Seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de HU: Soláthar trasteorann seirbhísí sláinte, seirbhísí sóisialta agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá mar chuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla i dtaca leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, ar seirbhísí iad a chumhdaítear le forchoimeádais eile (CPC 931 cé is moite de 9312, cuid de 93191).

In HU: Soláthar trasteorann gach seirbhíse ospidéil, otharchairr, agus seirbhíse sláinte cónaithe, cé is moite de sheirbhísí ospidéil, a fhaigheann cistiú poiblí (CPC 9311, 93192, 93193).

(c) Seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta:

In AE: Soláthar na seirbhísí sóisialta uile a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialaí.

In BE, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT agus PT: Soláthar seirbhísí sóisialta arna gcistiú go príobháideach cé is moite de sheirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus le hárais seanóirí.

In CZ, FI, HU, MT, PL, RO, SK, agus SI: Soláthar seirbhísí sóisialta arna gcistiú go príobháideach.

In DE: Córas Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh nach dtiocfaidís faoin sainmhíniú 'seirbhísí arna ndéanamh i bhfeidhmiú údaráis rialtais'.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki yksityisistä sosiaalipalveluista (An tAcht um Sheirbhísí Sóisialta Príobháideacha) (922/2011).

IE: An tAcht Sláinte 2004 (S. 39); agus an tAcht Sláinte 1970 (arna leasú –S.61A).

IT: Dlí 833/1978 Institiúid an chórais sláinte poiblí; Foraithne Reachtach 502/1992 Eagrú agus smacht réimse na sláinte; agus Dlí 328/2000 maidir le hAthchóiriú na seirbhísí sóisialta.

Forchoimeádas Uimh. 17 – Seirbhísí a bhaineann le turasóireacht agus taisteal

Earnáil: Seirbhísí treoraithe turasóireachta, seirbhísí sláinte agus sóisialta

Aicmiú tionscail:	CPC 7472
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FR: Náisiúntacht Ballstáit a bheith ina ceangal le haghaidh soláthar seirbhísí treoraithe turasóireachta.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In LT: A mhéid a cheadóidh an tSile do náisiúnaigh de LT seirbhísí treoraithe turasóireachta a sholáthar, ceadóidh LT do náisiúnaigh den tSile seirbhísí treoraithe turasóireachta a sholáthar faoi na coinníollacha céanna.

Forchoimeádas Uimh. 18 – Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt

Earnáil:	Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt
Aicmiú tionscail:	CPC 962, 963, 9619, cuid de 964
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Ceanglais feidhmíochta Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Leabharlanna, cartlanna, músaeim agus seirbhísí cultúrtha eile (CPC 963)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE, cé is moite de AT agus, ar mhaithe le léirscaoileadh infheistíochta, in LT: Soláthar seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim, agus seirbhísí cultúrtha eile.

In AT agus LT: Féadfaidh ceadúnas nó lamháltas a bheith ina cheanglas maidir le bunaíocht.

(b) Seirbhísí siamsaíochta, amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619, 964 seachas 96492)

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AE, cé is moite de AT agus SE: Soláthar trasteorann seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI agus SK: I ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó.

In BG: Soláthar na seirbhísí siamsaíochta seo a leanas: seirbhísí sorcais, páirce siamsaíochta agus tarraingtí eile cosúil leo, seirbhísí bálseomra, dioscó agus teagascóra rince agus seirbhísí siamsaíochta eile.

In EE: Soláthar seirbhísí siamsaíochta eile ach amháin i gcás seirbhísí pictiúrlainne.

In LT agus LV: Soláthar gach seirbhíse siamsaíochta ach amháin seirbhísí oibriúcháin pictiúrlainne.

In CY, CZ, LV, PL, RO agus SK: Soláthar trasteorann seirbhísí spóirt agus seirbhísí áineasa eile.

(c) Gníomhaireachtaí nuachta agus preasa (CPC 962)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In FR: An rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí atá ann faoi láthair a fhoilsíonn foilseacháin i bhFraincis, ní rachaidh sí thar 20 % de chaipiteal ná de chearta vótála na cuideachta. Is faoi réir coinníollacha arna leagan amach sa rialáil intíre atá bunú ghníomhaireachtaí preasa na Sile. Infheisteoirí eachtracha gníomhaireachtaí preasa a bhunú, tá sé sin faoi réir na cómhalartachta.

Bearta atá ann cheana:

FR: Ordonnance no 45-2646 du 2 novembre 1945 portant règlementation provisoire des agences de presse; agus Loi nº 86-897 du 1 août 1986 portant réforme du régime juridique de la presse.

(d) Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta (CPC 96492)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: Soláthar gníomhaíochtaí cearrbhachais, a bhaineann le geall a chur a bhfuil luach airgid air i gcluichí seans, lena n-áirítear an méid sin i gcrannchuir áirithe, scríobchártaí, seirbhísí cearrbhachais arna dtairiscint i gcasaíní, in árais siamsaíochta cearrbhachais nó in áitribh cheadúnaithe, seirbhísí biongó agus cearrbhachais arna n-oibriú ag carthanais nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus chun a leasa.

Forchoimeádas Uimh. 19 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair

Earnáil:	Seirbhísí iompair
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
	Cóir an náisiúin barrfhabhair
	Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
	Ceanglais feidhmíochta
	Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Iompar muirí – aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar ó long

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AE: Náisiúntacht an chriú ar shoitheach farraige nó ar shoitheach nach soitheach farraige é.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In AE, ach amháin LV agus MT: Ní féidir ach le daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid an Aontais Eorpaigh soitheach a chlárú agus cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta (tá feidhm ag an méid sin maidir le gach gníomhaíocht mhuirí tráchtála a dtugtar fúithi ó long mhuirghabhála, lena n-áirítear iascaireacht, dobharshaothrú, agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht; iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta (CPC 721); agus seirbhísí cúnta iompair mhuirí).

In AE: I gcás seirbhísí friothálacha, agus i gcás athshuí coimeádán, iad faoi úinéireacht nó ar léas, arna dhéanamh ag fiontair loingseoireachta de chuid an Aontais, don chuid de na seirbhísí sin nach dtagann faoi eisiamh an chabatáiste mhuirí.

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In SK: Ní mór d'infheisteoirí eachtracha a bpríomhoifig a bheith acu in SK chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas a fhágfaidh go mbeidh siad in ann seirbhís a sholáthar (CPC 722).

(b) Seirbhísí cúnta iompair mhuirí

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: Soláthar seirbhísí píolótaíochta agus calaithe. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, gan beann ar na critéir a fhéadfaidh a bheith i bhfeidhm maidir le clárú long i mBallstát, forchoimeádann an tAontas an ceart ceangal a chur nach bhféadfaidh ach longa atá cláraithe ar chláir náisiúnta na mBallstát seirbhísí píolótaíochta agus seirbhísí calaithe a sholáthar (CPC 7452).

In AE, cé is moite de LT agus LV: Ní fhéadfaidh ach soithí a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu seirbhísí brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7214).

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In LT: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha de LT nó daoine dlítheanacha de Bhallstát ag a bhfuil brainsí in LT a bhfuil deimhniú acu arna eisiúint ag Riarachán Sábháilteachta Muirí na Liotuáine seirbhísí píolótaíochta, seirbhísí calaithe agus seirbhísí brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7214, 7452).

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BE: Ní fhéadfaidh ach oibrithe creidiúnaithe, atá incháilithe chun oibriú i limistéir chalafoirt arna sainiú le foraithne ríoga, seirbhísí láimhseála lasta a oibriú (CPC 741).

Bearta atá ann cheana:

In BE: Loi du 8 juin 1972 organisant le travail portuaire; Arrêté royal du 12 janvier 1973 instituant une Commission paritaire des ports et fixant sa dénomination et sa compétence; Arrêté royal du 4 septembre 1985 portant agrément d'une organisation d'employeur (Anvers); Arrêté royal du 29 janvier 1986 portant agrément d'une organisation d'employeur (Gand); Arrêté royal du 10 juillet 1986 portant agrément d'une organisation d'employeur (Zeebrugge); Arrêté royal du 1er mars 1989 portant agrément d'une organisation d'employeur (Ostende); agus Arrêté royal du 5 juillet 2004 relatif à la reconnaissance des ouvriers portuaires dans les zones portuaires tombant dans le champ d'application de la loi du 8 juin 1972 organisant le travail portuaire, tel que modifié.

(c) Iompar uiscebhealaí intíre agus seirbhísí cúnta iompair uiscebhealaí intíre

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht áitiúil, Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In AE: Iompar paisinéirí agus lasta ar uiscebhealaí intíre (CPC 722); agus seirbhísí cúnta iompair ar uiscebhealaí intíre.

(d) Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

Inn AE: Iompar paisinéirí iarnróid (CPC 7111).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

In AE: Iompar lasta iarnróid (CPC 7112). Faoi réir coinníollacha cómhalartachta.

In LT: Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair d'iarnród faoi réir monaplacht stáit (CPC 86764, 86769, cuid de 8868).

Bearta atá ann cheana:

AE: Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(e) Iompar de bhóthar (seirbhísí iompair paisinéirí, seirbhísí iompair lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta) agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AE:

(i) bunaíocht a bheith ina ceanglas agus an soláthar trasteorann seirbhísí iompair de bhóthar a theorannú (CPC 712); agus

(ii) teorainn a chur le hinfheisteoirí eachtracha atá bunaithe i mBallstát eile cabatáiste a sholáthar laistigh de Bhallstát (CPC 712).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil

In BG: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do dhaoine nádúrtha de Bhallstát agus do dhaoine dlítheanacha den Aontas Eorpach a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach. Tá corprú ina cheanglas (CPC 712).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: Tá údarú ina cheangal chun seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar, agus ní chumhdaítear leis feithiclí atá cláraithe thar lear (CPC 712).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FR: Soláthar seirbhísí bus idirchathrach (CPC 712).

I ndáil le Trádáil i seirbhísí trasteorann – Láithreacht áitiúil:

In BG: Bunaíocht a bheith ina ceanglas le haghaidh seirbhísí cúnta iompair de bhóthar (CPC 744).

([3]) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO AE L 343, 14.12.2012, lch. 32).

Bearta atá ann cheana:

AE: Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]); Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]); agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

In FI: Laki kaupallisista tavarankuljetuksista tiellä (An tAcht um Iompar Tráchtála de Bhóthar) 693/2006; Laki liikenteen palveluista (An tAcht um Sheirbhísí Iompair) 320/2017; agus Ajoneuvolaki (an tAcht um Fheithiclí) 1090/2002.

(f) Spásiompar agus spásárthaí ar cíos

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Ceanglais feidhmíochta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: Soláthar seirbhísí spásiompair agus soláthar seirbhísí spásárthaí ar cíos (CPC 733, cuid de 734).

(g) Díolúintí an náisiúin barrfhabhair

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir an náisiúin barrfhabhair:

— Iompar (cabatáiste) seachas iompar muirí

In FI: Cóir dhifreálach a thabhairt do thír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo lena ndíolmhaítear soithí atá cláraithe faoi bhratach eachtrach tíre sonraithe eile nó feithiclí atá cláraithe i dtír eachtrach ón toirmeasc ginearálta ar iompar cabatáiste a sholáthar (lena n-áirítear iompar traschórais de bhóthar agus d'iarnród) in FI ar bhonn cómhalartachta (cuid de CPC 711, cuid de 712, cuid de 722).

— Seirbhísí tacaíochta d'iompar muirí

In BG: A mhéid a cheadaíonn an tSile do sholáthróirí seirbhíse as BG seirbhísí láimhseála lasta agus seirbhísí stórála agus trádstórais a sholáthar i gcuanta farraige agus aibhneacha, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le coimeádáin agus le hearraí i gcoimeádáin, ceadóidh BG do sholáthróirí seirbhíse as an tSile seirbhísí láimhseála lasta agus seirbhísí stórála agus trádstórais a sholáthar i gcuanta farraige agus aibhneacha, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le coimeádáin agus le hearraí i gcoimeádáin faoi na coinníollacha céanna (cuid de CPC 741, cuid de 742).

— Soithí ar cíos nó ar léas

In DE: Cairtfhostú long eachtrach arna dhéanamh ag tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu in DE, féadfaidh sé a bheith faoi réir coinníoll cómhalartachta (CPC 7213, 7223, 83103).

— Iompar de bhóthar agus d'iarnród

In AE: Chun cóir dhifreálach a thabhairt do thír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le tarlú idirnáisiúnta de bhóthar (lena n-áirítear iompar traschórais – de bhóthar nó d'iarnród) agus le hiompar paisinéirí, arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas nó na Ballstáit agus tríú tír (CPC 7111, 7112, 7121, 7122, 7123). Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an gcóir sin:

(i) soláthar na seirbhísí iompair ábhartha idir na páirtithe conarthacha nó ar fud chríoch na bpáirtithe conarthacha a fhorchoimeád nó a theorannú d'fheithiclí atá cláraithe i ngach páirtí conarthach ([7]); nó

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO AE L 300, 14.11.2009, lch. 51).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO AE L 300, 14.11.2009, lch. 72).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO AE L 300, 14.11.2009, lch. 88).

([7]) Maidir leis an Ostair, an chuid den díolúine i leith chóir an náisiúin barrfhabhair i dtaca le cearta tráchta, cumhdaítear léi na tíortha uile lena bhfuil comhaontuithe déthaobhacha maidir le hiompar de bhóthar nó socruithe eile i dtaca le hiompar de bhóthar ar bun faoi láthair nó a bhféadfar machnamh a dhéanamh ar chomhaontuithe nó socruithe den chineál sin leo amach anseo.

(ii) foráil a dhéanamh maidir le díolúintí cánach le haghaidh na bhfeithiclí sin.

— Iompar de bhóthar

In BG: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear srian le soláthar na gcineálacha sin seirbhísí iompair agus lena sonraítear téarmaí agus coinníollacha an tsoláthair sin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha, i gcríoch na Bulgáire nó thar theorainneacha na Bulgáire (CPC 7121, 7122, 7123).

In CZ: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair, isteach in CZ, trasna CZ agus amach ó CZ do na páirtithe conarthacha lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

In ES: Féadfar údarú chun láithreacht tráchtála a bhunú in ES a dhiúltú do sholáthróirí seirbhíse, i gcás nach dtugann a dtír thionscnaimh rochtain éifeachtach ar an margadh do soláthróirí seirbhíse ES (CPC 7123).

Bearta atá ann cheana:

Ley 16/1987, de 30 de julio, de Ordenación de los Transportes Terrestres.

In HR: Bearta arna gcur i bhfeidhm faoi chomhaontú atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le hiompar de bhóthar idirnáisiúnta agus lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair isteach sa Chróit, laistigh di, trasna uirthi agus amach uaithi do na páirtithe lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

In LT: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe déthaobhacha agus lena leagtar síos na forálacha maidir le seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna aistrithe déthaobhacha agus ceadanna iompair eile le haghaidh seirbhísí iompair i gcríoch na Liotuáine, isteach inti, tríthi agus amach aisti do na páirtithe conarthacha lena mbaineann agus cánacha agus tobhaigh bhóthair (CPC 7121, 7122, 7123).

In SK: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair, isteach i bPoblacht na Slóvaice, trasna Phoblacht na Slóvaice agus amach uaithi do na páirtithe conarthacha lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

— Iompar d'iarnród

In BG, CZ agus SK: I gcás comhaontuithe atá ann faoi láthair nó a bheidh amach anseo, lena rialaítear cearta tráchta agus coinníollacha oibriúcháin, agus soláthar seirbhísí iompair i gcríoch na Bulgáire, Phoblacht na Seice agus na Slóvaice agus idir na tíortha lena mbaineann (CPC 7111, 7112).

— Aeriompar – Seirbhísí cúnta aeriompair

In AE: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le seirbhísí láimhseála ar an talamh.

— Iompar de bhóthar agus d'iarnród

In EE: Nuair a thugtar cóir dhifreálach do thír de bhun comhaontú déthaobhach atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hiompair idirnáisiúnta de bhóthar (lena n-áirítear iompar traschórais de bhóthar is d'iarnróid), lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear teorainn le soláthar seirbhísí iompair isteach san Eastóin, laistigh di, trasna uirthi agus amach aisti do na Páirtithe conarthacha d'fheithiclí atá cláraithe i ngach Páirtí conarthach, agus lena bhforáiltear do dhíolúine cánach le haghaidh na bhfeithiclí sin (cuid de CPC 711, cuid de 712, cuid de 721).

— Gach seirbhís iompair paisinéara agus lasta seachas iompar muirí agus aeriompar

In PL: A mhéid a cheadóidh an tSile seirbhísí iompair a sholáthar isteach i gcríoch na Sile, agus trasna na críche sin, ag soláthróirí iompair paisinéirí agus lasta na Polainne, ceadóidh an Pholainn, faoi na coinníollacha céanna, soláthar seirbhísí iompair do sholáthróirí iompair paisinéirí agus lasta na Sile isteach i gcríoch na Polainne agus trasna na críche sin faoi na coinníollacha céanna.

Forchoimeádas Uimh. 20 – Talmhaíocht, iascaireacht agus uisce

Earnáil:	Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht; iascaireacht, dobharshaothrú, seirbhísí a bhaineann le hiascaireacht; bailiú, íonú agus dáileadh uisce
Aicmiú tionscail:	ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015, CPC 8811, 8812, 8813 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta; 0501, 0502, CPC 882
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Cóir an náisiúin barrfhabhair Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Ceanglais feidhmíochta Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In HR: Gníomhaíochtaí talmhaíochta agus sealgaireachta.

In HU: Gníomhaíochtaí talmhaíochta (ISIC Rev. 3.1 011, 012, 013, 014, 015, CPC 8811, 8812, 8813, seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

Bearta atá ann cheana:

HR: An tAcht um Thalamh Talmhaíochta (OG 20/18, 115/18, 98/19).

(b) Iascaireacht, dobharshaothrú agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht (ISIC Rev. 3.1 0501, 0502, CPC 882)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta, Cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an náisiúin barrfhabhair, Láithreacht áitiúil:

In AE:

1. Go háirithe laistigh de chreat an Chomhbheartais Iascaigh, agus comhaontuithe iascaireachta le tríú tír, rochtain ar na hacmhainní bitheolaíocha agus na meánna atá suite in uiscí muirí a thagann faoi cheannasacht nó dlínse na mBallstát agus a n-úsáid, nó teidlíochtaí iascaireachta faoi cheadúnas iascaireachta de chuid Ballstáit, lena n-áirítear:

   (a) rialú a dhéanamh ar thabhairt i dtír gabhálacha ag soithí atá faoi bhratach na Sile nó tríú tír i ndáil leis na cuótaí arna leithdháileadh orthu nó, i ndáil le soithí atá faoi bhratach Ballstáit agus leis na soithí sin amháin, é a bheith ina cheanglas go dtabharfar cion den ghabháil iomlán i dtír i gcalafoirt an Aontais;

   (b) íosmhéid a chinneadh le haghaidh cuideachta chun soithí iascaireachta ceardaíochta agus cósta araon a chaomhnú;

   (c) cóir dhifreálach a thabhairt de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hiascach; agus

(d) é a bheith ina cheanglas gur náisiúnaigh de na Ballstáit atá i gcriú soithigh atá faoi bhratach Ballstáit.

2. Ní bheidh soitheach iascaireachta i dteideal bratach Ballstáit a bheith ar foluain aige ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) go bhfuil sé faoi úinéireacht iomlán:

(i) cuideachtaí atá corpraithe san Aontas; nó

(ii) náisiúnach de Bhallstáit;

(b) gur ó laistigh den Aontas Eorpach a dhéantar a oibríochtaí ó lá go lá a threorú agus a rialú; agus

(c) gur cuideachta atá corpraithe san Aontas nó náisiúnach de Bhallstát é aon chairtfhostóir, bainisteoir nó oibreoir de chuid an tsoithigh.

3. Ceadúnas iascaireachta tráchtála lena ndeonaítear an ceart iascaireachta in uiscí teorann de chuid Ballstáit, ní fhéadfar é a dheonú ach d'árthaí faoi bhratach Ballstáit.

4. Saoráidí dobharshaothraithe mara nó intíre a bhunú.

5. Níl feidhm ag fomhíreanna (a), (b), (c) (ach amháin i ndáil le cóir an náisiúin barrfhabhair) agus (d) de mhír 1, fomhír (a)(i), (b) agus (c) de mhír 2 agus mír 3 ach amháin maidir le bearta is infheidhme maidir le soithí nó le fiontair, gan beann ar náisiúntacht a n-úinéirí tairbhiúla.

Náisiúntacht criú soithigh iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit.

Saoráidí dobharshaothraithe mara nó intíre a bhunú.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil i seirbhísí trasteorann – Láithreacht áitiúil:

In BG: Aon tógáil acmhainní atá beo san fharraige nó in aibhneacha, a bhíonn á déanamh ag soithí sna huiscí mara inmheánacha agus i bhfarraige chríochach BG, is iad soithí faoi bhratach BG a dhéanfaidh í. Ní fhéadfaidh long eachtrach gabháil don iascaireacht tráchtála sa limistéar eacnamaíoch eisiach ach amháin ar bhonn comhaontaithe idir BG agus an stát brataí. Le linn dóibh a bheith ag dul tríd an limistéar eacnamaíoch eisiach, ní fhéadfaidh longa iascaireachta eachtracha a bhfearas iascaireachta a choinneáil sa mhód oibriúcháin.

(c) Bailiú, íonú agus dáileadh uisce

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: I gcás gníomhaíochtaí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le bailiú, íonú agus dáileadh uisce d'úsáideoirí tí, úsáideoirí tionscail, úsáideoirí tráchtála nó eile, lena n-áirítear soláthar uisce óil, agus bainistiú uisce.

Forchoimeádas Uimh. 21 – Seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht agus fuinneamh

Earnáil:	Mianadóireacht agus cairéalú – ábhair a dtáirgtear fuinneamh astu; mianadóireacht agus cairéalú – mianta miotail agus mianadóireacht eile; Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh – leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar breoslaí trí phíblínte; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí phíblínte; agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh
Aicmiú tionscail:	ISIC Rev. 3.1 10, 1110, 12, 120, 1200, 13, 14, 232, 233, 2330, 40, 401, 4010, 402, 4020, cuid de 4030, CPC 613, 62271, 63297, 7131, 71310, 742, 7422, cuid de 88, 887.
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí

	Ceanglais feidhmíochta
	Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí
Tuairisc:	

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí mianadóireachta agus fuinnimh lena mbaineann– ginearálta (ISIC Rev. 3.1 10, 1110, 13, 14, 232, 40, 401, 402, cuid de 403, 41; CPC 613, 62271, 63297, 7131, 742, 7422, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: I gcás ina gceadóidh Ballstát úinéireacht eachtrach ar chóras tarchurtha gáis nó leictreachais, nó córas iompair trí phíblíne le haghaidh ola agus gáis, i ndáil le fiontair de chuid na Sile arna rialú ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha de thríú tír lena mbaineann breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, chun slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais ina iomláine nó Ballstáit aonair a ráthú. Ní bhaineann an forchoimeádas seo le seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a sholáthraítear mar sheirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh.

Ní bhaineann an forchoimeádas seo le HR, HU ná LT (i dtaca le LT, CPC 7131 amháin) maidir le hiompar breoslaí trí phíblíne, ná ní bhaineann sé le LV maidir le seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh, ná le SI maidir le seirbhísí a bhaineann le dáileadh gáis (ISIC Rev. 3.1 401, 402, CPC 7131, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In CY: Maidir le monarú táirgí peitriliam scagtha a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine nádúrtha nó duine dlítheanaigh tríú tír ina bhfuil breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le monarú gáis, dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlínte as a gcuntas féin, táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, iompar breoslaí trí phíblínte, seirbhísí a bhaineann le dáileadh leictreachais agus gáis nádúrtha seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta seirbhísí mórdhíolacháin leictreachais, seirbhísí miondíolacháin breosla mótair, leictreachas agus gás neamhbhuidéalaithe. Tá feidhm ag coinníollacha náisiúntachta agus cónaithe maidir le seirbhísí a bhaineann le leictreachas. (ISIC Rev. 3.1 232, 4010, 4020, CPC 613, 62271, 63297, 7131, agus 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In FI: Líonraí agus córais tarchurtha agus dáilte fuinnimh agus gaile agus uisce the.

In FI: Na srianta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh allmhairiú gáis nádúrtha agus le haghaidh táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the. Faoi láthair, tá monaplachtaí nádúrtha agus cearta eisiacha ann (ISIC Rev. 3.1 40, CPC 7131, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In FR: Na córais tarchurtha leictreachais agus gáis agus iompar ola agus gáis trí phíblínte (CPC 7131).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: Na seirbhísí dáilte fuinnimh, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (CPC 887 seachas seirbhísí sainchomhairleoireachta).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: I gcás seirbhísí traiseolta fuinnimh, maidir leis na cineálacha eintiteas dlítheanach agus maidir leis an gcóir a thugtar d'oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas ina ceanglas (ISIC Rev. 3.1 4010, CPC 71310).

In BG: I gcás seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (cuid de CPC 88).

In PT: I gcás táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, monarú gáis, iompar breoslaí trí phíblínte, seirbhísí mórdhíolacháin leictreachais, seirbhísí miondíolacháin leictreachais agus gáis neamhbhuidéalaithe, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh leictreachais agus gáis nádúrtha. Ní shanntar lamháltais do na hearnálacha leictreachais agus gáis ach do chuideachtaí teoranta a bhfuil a gceanncheathrú agus a mbainistíocht éifeachtach in PT (ISIC Rev. 3.1 232, 4010, 4020, CPC 7131, 7422, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In SK: Tá údarú ina cheanglas le haghaidh táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, monarú gáis agus dáileadh breoslaí gásacha, táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the, iompar breoslaí trí phíblínte, mórdhíol agus miondíol leictreachais, gaile agus uisce the agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le héifeachtacht fuinnimh, caomhnú fuinnimh agus iniúchadh fuinnimh. I gcás na ngníomhaíochtaí sin go léir, ní fhéadfar údarú a dheonú ach do dhuine nádúrtha a bhfuil buanchónaí air in LEE nó do dhuine dlítheanach de LEE.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In BE: Cé is moite de mhianadóireacht ar mhianta miotail agus mianadóireacht agus cairéalú eile, féadfar toirmeasc a chur ar fhiontair atá faoi rialú daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha de chuid tríú tír lena mbaineann breis agus 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais Eorpaigh rialú a fháil ar an ngníomhaíocht. Tá corprú ina cheanglas (gan bhrainsiú) (ISIC Rev. 3.1 10, 1110, 13, 14, 232, cuid de 4010, cuid de 4020, cuid de 4030).

Bearta atá ann cheana:

AE: Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]); agus Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

In BG: An tAcht um Fhuinneamh.

In CY: Rialáil Dhlí 2003 an Mhargaidh Leictreachais, arna leasú nó arna athsholáthar; Dlíthe 2004 um Rialáil an Mhargaidh Gáis, arna leasú nó arna n-athsholáthar; an Dlí maidir le Peitriliam (Píblínte), Caibidil 273; an Dlí maidir le Peitriliam, L.64(I)/1975, arna leasú nó arna athsholáthar; agus Dlíthe 2003 maidir le Sonraíochtaí Peitriliam agus Breosla, arna leasú nó arna n-athsholáthar.

In FI: Sähkömarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Leictreachais) (386/1995); agus Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017).

In FR: Code de l'énergie.

In PT: Dlí Foraithne 230/2012 agus Dlí Foraithne 231/2012, an 26 Deireadh Fómhair 2012 – Gás Nádúrtha; Dlí Foraithne 215-A/2012, agus Dlí Foraithne 215-B/2012, an 8 Deireadh Fómhair 2012 – Leictreachas; agus Dlí Foraithne 31/2006, an 15 Feabhra 2006 – Amhola/Táirgí peitriliam.

In SK: Acht 51/1988 um Mianadóireacht, Pléascáin agus Riarachán Mianadóireachta Stáit; Acht 569/2007 maidir le hOibreacha Geolaíocha; Acht 251/2012 maidir le Fuinneamh; agus Acht 657/2004 maidir le Fuinneamh Teirmeach.

(b) Leictreachas (ISIC Rev. 3.1 40, 401; CPC 62271, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin))

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: Allmhairiú leictreachais. I ndáil le trádáil trasteorann, mórdhíol agus miondíol leictreachais.

In FR: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíochta eile san earnáil phoiblí nó i seilbh Electricité de France (EDF) a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córas tarchurtha leictreachais nó córas dáilte leictreachais.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

([8]) Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO AE L 158, 14.6.2019, lch. 125).

([9]) Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO AE L 211, 14.8.2009, lch. 94).

In BG: I gcás leictreachas a tháirgeadh agus teas a tháirgeadh.

In LT: Seirbhísí mórdhíola agus miondíola agus trádáil leictreachais a thagann as foinsí núicléacha nach bhfuil sábháilte.

In PT: Déantar na gníomhaíochtaí tarchurtha agus dáilte leictreachais trí lamháltais eisiacha na seirbhíse poiblí.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair agus Trádáil i seirbhísí trasteorann – Láithreacht áitiúil:

In BE: Le haghaidh údarú aonair chun leictreachas dar toilleadh 25 MW nó níos mó a tháirgeadh, tá bunaíocht san Aontas Eorpach ina cheanglas, é sin nó bunaíocht i Stát eile ina bhfuil córas i bhfeidhm atá comhchosúil leis an gcóras dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2019/944, agus mar a bhfuil nasc éifeachtach leanúnach ag an gcuideachta leis an ngeilleagar.

Tá táirgeadh leictreachais laistigh de chríoch eischósta BE faoi réir oibleagáide lamháltais agus oibleagáide comhfhiontair le duine dlítheanach den Aontas Eorpach, nó le duine dlítheanach de thír ina bhfuil córas i bhfeidhm atá comhchosúil leis an gcóras dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2019/944, go háirithe maidir le coinníollacha a bhaineann leis an údarú agus leis an roghnú.

Ina theannta sin, ní mór don duine dlítheanach a riarachán lárnach nó ceannoifig a bheith aige i mBallstát den Aontas nó i dtír a chomhlíonann na critéir thuas, áit a bhfuil nasc éifeachtach leanúnach aige leis an ngeilleagar.

Tá údarú ina cheanglas chun línte cumhachta leictreachais a thógáil lena nasctar táirgeadh amach ón gcósta le líonra tarchurtha Elia, agus ní mór don chuideachta na coinníollacha a sonraíodh roimhe sin a chomhlíonadh, ach amháin an ceanglas maidir le comhfhiontair.

I ndáil le trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, láithreacht áitiúil:

In BE: Tá údarú ina cheanglas maidir le soláthar leictreachais arna dhéanamh ag idirghabhálaí ag a bhfuil custaiméirí atá bunaithe in BE agus atá nasctha den chóras eangaí náisiúnta nó de líne dhíreach a bhfuil a voltas ainmniúil níos airde ná 70 000 volta. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach do dhuine nádúrtha nó dlítheanach de LEE.

Bearta atá ann cheana:

In BE: Arrêté Royal du 11 octobre 2000 fixant les critères et la procédure d'octroi des autorisations individuelles préalables à la construction de lignes directes; Arrêté Royal du 20 décembre 2000 relatif aux conditions et à la procédure d'octroi des concessions domaniales pour la construction et l'exploitation d'installations de production d'électricité à partir de l'eau, des courants ou des vents, dans les espaces marins sur lesquels la Belgique peut exercer sa juridiction conformément au droit international de la mer; agus Arrêté Royal du 12 mars 2002 relatif aux modalités de pose de câbles d'énergie électrique qui pénètrent dans la mer territoriale ou dans le territoire national ou qui sont installés ou utilisés dans le cadre de l'exploration du plateau continental, de l'exploitation des ressources minérales et autres ressources non vivantes ou de l'exploitation d'îles artificielles, d'installations ou d'ouvrages relevant de la juridiction belge; Arrêté royal relatif aux autorisations de fourniture d'électricité par des intermédiaires et aux règles de conduite applicables à ceux-ci; agus Arrêté royal du 12 juin 2001 relatif aux conditions générales de fourniture de gaz naturel et aux conditions d'octroi des autorisations de fourniture de gaz naturel.

In FI: Sähkömarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Leictreachais) (588/2013); agus Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017)

In LT: Dlí maidir le bearta riachtanacha chun cosaint ar bhagairtí núicléacha leictreacha neamhshábháilte ó thríú tíortha an 20 Aibreán 2017 Uimh. XIII-306 (arna leasú go deireanach an 19 Nollaig 2019, Uimh. XIII-2705).

In PT: Dlí Foraithne 215-A/2012; agus Dlí Foraithne 215-B/2012, 8 Deireadh Fómhair 2012 – Leictreachas.

(c) Breoslaí, táirgí gáis, amhola nó peitriliam (ISIC Rev. 3.1 232, 40, 402; CPC 613, 62271, 63297, 7131, 71310, 742, 7422, cuid de 88, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In FI: Chun rialú nó úinéireacht críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) ag daoine nádúrtha eachtracha nó ag daoine dlítheanacha eachtracha a chosc ar chúiseanna slándála fuinnimh (lena n-áirítear na codanna sin den chríochfort GNL a úsáidtear chun GNL a stóráil nó a athghású).

In FR: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíochta eile san earnáil phoiblí nó i seilbh ENGIE, a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córas tarchurtha nó dáileacháin gáis ar chúiseanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta fuinnimh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BE: I gcás seirbhísí bulcstórála gáis, maidir leis na cineálacha eintiteas dlítheanach agus maidir leis an gcóir a thugtar d'oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas Eorpach ina ceanglas le haghaidh seirbhísí bulcstórála gáis (cuid de CPC 742).

In BG: I gcás iompar trí phíblínte, stóráil agus trádstóráil peitriliam agus gáis nádúrtha, lena n-áirítear tarchur idirthurais (CPC 71310, cuid de CPC 742).

In PT: I gcás soláthar trasteorann seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte (gás nádúrtha). Freisin, maidir le lamháltais a bhaineann le tarchur agus dáileadh gáis nádúrtha agus lena stóráil faoi thalamh agus le críochfort ina ndéantar GNL a glacadh, a stóráil agus a athghású, bronnfar na lamháltais sin trí chonarthaí lamháltais, tar éis glaonna poiblí ar thairiscintí (CPC 7131, 7422).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BE: Tá iompar gáis nádúrtha agus breoslaí eile trí phíblíne faoi réir ceanglas maidir le húdarú. Ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (i gcomhréir le hAirteagal 3 de AR an 14 Bealtaine 2002).

I gcás ina n-iarrann cuideachta an t-údarú:

(i) ní mór don chuideachta a bheith bunaithe i gcomhréir le dlí na Beilge, nó le dlí Ballstáit eile, nó dlí tríú tír, a thug gealltanais chun creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais choiteanna a shonraítear i dTreoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]); agus

(ii) ní mór suíomh riaracháin, príomhbhunaíocht nó ceannoifig na cuideachta a bheith i mBallstát, nó i dtríú tír, a thug gealltanais creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais choiteanna a shonraítear i dTreoir 2009/73/CE, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíocht na bunaíochta nó na ceannoifige sin ina nasc éifeachtach leanúnach le geilleagar na tíre lena mbaineann (CPC 7131).

In BE: De ghnáth, an soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí atá bunaithe in BE (is custaiméirí iad na cuideachtaí dáileacháin agus tomhaltóirí freisin, a sroicheann a dtomhaltas foriomlán gáis, arna eascairt ó gach ionad soláthair, leibhéal íosta d'aon mhilliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana), tá an soláthar gáis sin faoi réir údarú aonair arna chur ar fáil ag an Aire, ach amháin i gcás inar cuideachta dáileacháin é an soláthróir, a úsáideann a líonra dáileacháin féin. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha an Aontais Eorpaigh.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CY: I gcás soláthar trasteorann seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte, agus trádáil miondíola ola breosla agus gáis bhuidéalaithe seachas trí phostdíol (CPC 613, CPC 62271, CPC 63297, CPC 7131, CPC 742).

Bearta atá ann cheana:

BE: Arrêté Royal du 14 mai 2002 relatif à l'autorisation de transport de produits gazeux et autres par canalisations; agus Loi du 12 avril 1965 relative au transport de produits gazeux et autres par canalizations, Airteagal 8.2).

BG: An tAcht um Fhuinneamh.

([10]) Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO AE L 211, 14.8.2009, lch. 94).

CY: Dlí 2003 maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais, Dlí 122(l)/2003, arna leasú; Dlíthe 2004 maidir le Rialáil an Mhargaidh Gáis, Dlí 183(I)/2004, arna leasú; an Dlí maidir le Peitriliam (Píblínte), Caibidil 273; an Dlí maidir le Peitriliam, Caibidil 272, arna leasú; Dlíthe 2003 maidir le Sonraíochtaí Peitriliam agus Breosla, Dlí 148(I)/2003 arna leasú.

FI: Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017).

FR: Code de l'énergie.

HU: Acht XVI 1991 maidir le Lamháltais.

LT: An Dlí maidir le Gás Nádúrtha Phoblacht na Liotuáine an 10 Deireadh Fómhair 2000 Uimh. VIII-1973.

PT: Dlí Foraithne 230/2012 agus Dlí Foraithne 231/2012, an 26 Deireadh Fómhair 2012 – Gás Nádúrtha; Dlí Foraithne 215-A/2012, agus Dlí Foraithne 215-B/2012, an 8 Deireadh Fómhair 2012 – Leictreachas; agus Dlí Foraithne 31/2006, an 15 Feabhra 2006 – Amhola/Táirgí peitriliam.

(d) Núicléach (ISIC Rev. 3.1 12, 23, 120, 1200, 233, 2330, 40, cuid de 4010, CPC 887)

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In DE: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AT agus FI: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil, a dháileadh nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

In BE: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta:

In HU agus SE: I gcás breosla núicléach a phróiseáil agus leictreachas núicléach-bhunaithe a ghiniúint.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In BG: Chun ábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na hábhair as a ndíorthaítear iad a phróiseáil, chomh maith leis an trádáil iontu, maidir le cothabháil agus deisiú trealaimh agus córais i saoráidí le haghaidh táirgeadh fuinnimh núicléach, i dtaca le hiompar na n-ábhar sin agus ábhar bruscair agus dramhaíola óna bpróiseáil, maidir le húsáid radaíochta ianúcháin, agus gach seirbhís eile a bhaineann le húsáid fuinnimh núicléach le haghaidh cuspóirí síochánta (lena n-áirítear seirbhísí innealtóireachta agus sainchomhairleoireachta agus seirbhísí a bhaineann le bogearraí, etc.).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FR: Ábhar núicléach á mhonarú, á tháirgeadh, á phróiseáil, á ghiniúint, á dháileadh nó á iompar, ní mór dóibh na hoibleagáidí a urramú i gcomhaontú Euratom.

Bearta atá ann cheana:

AT: Bundesverfassungsgesetz für ein atomfreies Österreich (An tAcht Bunreachtúil le haghaidh Ostair Neamhnúicléach), BGBl. I Uimh. 149/1999.

BG: An tAcht um Úsáid Shábháilte Fuinnimh Núicléach.

FI: Ydinenergialaki (An tAcht maidir le Fuinneamh Núicléach) (990/1987).

HU: Acht CXVI 1996 maidir le Fuinneamh Núicléach; agus Foraithne an Rialtais Uimh. 72/2000 maidir le Fuinneamh Núicléach.

SE: Cód Comhshaoil na Sualainne (1998:808); agus an Dlí maidir le Gníomhaíochtaí Teicneolaíochta Núicléiche (1984:3).

Forchoimeádas Uimh. 22 – Seirbhísí eile nach n-áirítear in aon áit eile

Earnáil:	Seirbhísí eile nach bhfuil san áireamh aon áit eile
Aicmiú tionscail:	CPC 9703, cuid de CPC 612, cuid de CPC 621, cuid de CPC 625, cuid de 85990
An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
	Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
	Ceanglais feidhmíochta
	Láithreacht áitiúil
Caibidil:	Léirscaoileadh infheistíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta CPC 9703

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FI: Ní fhéadfaidh ach an stát, bardasachtaí, paróistí, pobail chreidimh nó fondúireachtaí nó cumainn neamhbhrabúis seirbhísí créamtha agus oibriú/cothabháil reiligí a dhéanamh.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In DE: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha atá bunaithe faoin dlí poiblí reilig a oibriú. Reiligí a chruthú agus a oibriú agus seirbhísí a bhaineann le sochraidí.

In PT: Tá láithreacht tráchtála ina ceanglas chun seirbhísí sochraide agus adhlacóireachta a sholáthar. Tá náisiúntacht LEE ina ceangal ar an té a bheidh ina bhainisteoir teicniúil d'eintitis a sholáthróidh seirbhísí sochraide agus adhlacóireachta.

In SE: Monaplacht Eaglais na Sualainne nó údaráis áitiúil ar sheirbhísí créamtha agus sochraide.

In CY, SI: Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta.

Bearta atá ann cheana:

FI: Hautaustoimilaki (An tAcht um Sheirbhís Adhlactha) (457/2003).

PT: Dlí Foraithne 10/2015, an 16 Eanáir alterado p/ Lei 15/2018, 27 março.

SE: Begravningslag (1990:1144) (An tAcht Adhlactha); agus Begravningsförordningen (1990:1147) (Reacht Adhlactha).

(b) Seirbhísí nua

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí, Ceanglais feidhmíochta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In AE: Chun seirbhísí nua a sholáthar seachas na seirbhísí sin a aicmítear in CPC.

Foscríbhinn 17-B-2

SCEIDEAL NA SILE

Earnáil:	Gach ceann
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht)
Tuairisc:	Infheistíocht Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le húinéireacht nó rialú talún laistigh de chúig chiliméadar ón gcósta, ar talamh é a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta. Féadfaidh ceanglas a bheith san áireamh le beart mar sin gur i seilbh daoine Sileacha nó i seilbh daoine a mbíonn cónaí orthu sa tSile ar feadh 183 lá nó níos mó sa bhliain a bheidh tromlach gach aicme stoic atá ag duine Sileach dlítheanach atá ag féachaint le seilbh a fháil ar thalamh mar sin, nó é a rialú.
Bearta atá ann cheana:	Dlí Foraithne 1.939, Iris Oifigiúil, an 10 Samhain 1977, Rialacha maidir le héadáil, riar agus diúscairt sócmhainní faoi úinéireacht Stáit, Teideal I (Decreto Ley 1.939, Diario Oficial, noviembre 10, 1977, Normas sobre adquisición, administración y disposición de bienes del Estado, Título I)
Earnáil:	Gach ceann
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht)
Tuairisc:	Infheistíocht Le linn d'aon leas i stoc nó sócmhainn atá i seilbh fiontar stáit atá ann cheana nó eintitis rialtais a bheith á aistriú nó á dhiúscairt, forchoimeádann an tSile an ceart chun úinéireacht an leasa nó sócmhainne sin a thoirmeasc nó srianta a fhorchur ar an úinéireacht sin, agus an toirmeasc agus na srianta céanna a fhorchur ar cheart infheisteoirí eachtracha nó a n-infheisteoirí a bheith i gceannas ar aon chuideachta Stáit a chruthaítear ar an gcaoi sin, nó aon infheistíocht a dhéanann an chuideachta sin. Maidir le haon aistriú nó diúscairt den chineál sin, féadfaidh an tSile aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le náisiúntacht na mbainisteoirí sinsearacha nó náisiúntacht chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí. Ciallaíonn 'cuideachta Stáit' [1] aon chuideachta atá faoi úinéireacht nó á rialú ag an tSile trí bhíthin sciar leasa in úinéireacht na cuideachta, agus áirítear leis aon chuideachta a chruthófar tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo chun a sciar leasa i gcaipiteal nó sócmhainní fiontair stáit atá ann cheana nó eintitis rialtais a aistriú nó a dhiúscairt, agus chun na críche sin amháin.
Earnáil:	Gach ceann
Fo-earnáil:	

[1] Tá liosta na bhfiontar sa tSile ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: http://www.dipres.gob.cl.

Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifreálach do thíortha faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta déthaobhach nó iltaobhach atá i bhfeidhm nó a síníodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifreálach do thíortha faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm nó a síníodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, lena mbaineann na nithe seo a leanas: (a) eitlíocht; (b) iascach; nó (c) ábhair mhuirí, lena n-áirítear tarrthálas.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Cumarsáid
Fo-earnáil:	Craoladh satailíte seirbhísí teileachumarsáide digití
Oibleagáidí lena mbaineann:	Láithreacht áitiúil (CBTS)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le trádáil trasteorann i gcraoladh satailíte aontreo seirbhísí teileachumarsáide digití.
Bearta atá ann cheana:	Dlí 18.168, Iris Oifigiúil, an 2 Deireadh Fómhair 1982, an Dlí um Theileachumarsáid Ghinearálta, Teidil I, II, III, V agus VI (Ley 18.168, Diario Oficial, octubre 2, 1982, Ley General de Telecomunicaciones, Títulos I, II, III, V y VI)
Earnáil:	Cumarsáid
Fo-earnáil:	Craoladh satailíte seirbhísí teileachumarsáide digití
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht)
Tuairisc:	Infheistíocht Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le hinfheisteoirí an Pháirtí eile nó a n-infheistíochtaí i gcraoladh satailíte aontreo seirbhísí teileachumarsáide digití.
Bearta atá ann cheana:	Dlí 18.168, Iris Oifigiúil, an 2 Deireadh Fómhair 1982, an Dlí um Theileachumarsáid Ghinearálta, Teidil I, II, III, V agus VI (Ley 18.168, Diario Oficial, octubre 2, 1982, Ley General de Telecomunicaciones, Títulos I, II, III, V y VI)

Earnáil:	Saincheisteanna a bhaineann le mionlaigh
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cearta nó tosaíochtaí do mhionlaigh atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Saincheisteanna a bhaineann le pobail dhúchasacha
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cearta nó tosaíochtaí do phobail dhúchasacha.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Oideachas
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)

Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis an méid seo a leanas: (a) infheisteoirí agus infheistíocht infheisteora de chuid an Pháirtí eile san oideachas; agus (b) daoine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí oideachais sa tSile. Áirítear i bhfomhír (b) múinteoirí agus pearsanra cúnta a sholáthraíonn seirbhísí oideachais i réamhscoileanna, naíscoileanna, san oideachas speisialta, san oideachas bunleibhéil, meánleibhéil agus ardleibhéil, agus san oideachas gairmiúil, teicniúil nó ollscoile, agus gach duine eile a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann leis an oideachas, lena n-áirítear urraitheoirí institiúidí oideachais d'aon chineál, scoileanna, lyceum, acadaimh, ionaid oiliúna, institiúidí gairmiúla agus teicniúla nó ollscoileanna. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le hinfheisteoirí ná le hinfheistíocht infheisteora de chuid an Pháirtí eile i naíscoil, réamhscoil, institiúidí oideachais príobháideacha bunleibhéil nó meánleibhéil, mura institiúidí iad a fhaigheann acmhainní poiblí, ná le soláthar seirbhísí a bhaineann le hoiliúint sa dara teanga nó oiliúint agus uas-sciliú corparáideach, gnó agus tionsclaíoch, más seirbhísí iad lena n-áirítear seirbhísí sainchomhairleoireachta maidir le tacaíocht theicniúil, comhairle, agus forbairt curaclam agus clár san oideachas.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Airgeadas rialtais
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht)
Tuairisc:	Infheistíocht Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le bannaí, urrúis státchiste nó aon chineál eile ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag Banc Ceannais na Sile (*Banco Central de Chile*) nó ag Rialtas na Sile a bheith á n-éadáil, á ndíol nó á ndiúscairt ag náisiúnaigh den Pháirtí eile. An iontráil sin, níl sí ceaptha difear a dhéanamh do chearta institiúidí airgeadais (banc) an Pháirtí eile, arna mbunú sa tSile, chun ionstraimí den chineál sin a éadáil, a dhíol nó a dhiúscairt i gcás inar gá chun críoch caipitil rialála.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Iascach
Fo-earnáil:	Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS)

Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun gníomhaíochtaí na hiascaireachta eachtraí a rialú, lena n-áirítear tabhairt i dtír iasc, tabhairt i dtír iasc den chéad uair, a próiseáladh ar muir, agus rochtain ar chalafoirt na Sile (pribhléidí calafoirt). Forchoimeádann an tSile an ceart chun úsáid tránna, talún in aice tránna (*terrenos de playas*), colún uisce (*porciones de agua*) agus beart grinnill farraige (*fondos marinos*) le haghaidh eisiúint lamháltas muirí a rialú. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chumhdaítear an dobharshaothrú le 'lamháltais mhuirí'.
Bearta atá ann cheana:	Dlí Foraithne 2.222, Iris Oifigiúil, an 31 Bealtaine 1978, an Dlí Loingseoireachta, Teidil I, II, III, IV agus V (Decreto Ley 2.222, Diario Oficial, mayo 31, 1978, Ley de Navegación Títulos I, II, III, IV y V) D.F.L. 340, Iris Oifigiúil, an 6 Aibreán 1960, faoi Lamháltais Mhuirí (D.F.L. 340, Diario Oficial, abril 6, 1960, sobre Concesiones Marítimas) Foraithne Uachtarach 660, Iris Oifigiúil, an 28 Samhain 1988, an tAcht um Lamháltais Mhuirí (Decreto Supremo 660, Diario Oficial, noviembre 28, 1988, Reglamento de Concesiones Marítimas) Foraithne Uachtarach 123 na hAireachta um Ghnóthaí Eacnamaíocha, Forbairt agus Atógáil, Leas-Aireacht na hIascaireachta, Iris Oifigiúil, an 23 Lúnasa 2004, maidir le hÚsáid Calafort (Decreto Supremo 123 del Ministerio de Economía, Fomento y Reconstrucción, Subsecretaría de Pesca, Diario Oficial, agosto 23, 2004, Sobre Uso de Puertos)
Earnáil:	Tionscail na n-ealaíon agus tionscail an chultúir
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifreálach do thíortha faoi aon chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, i ndáil le tionscail na n-ealaíon agus an chultúir, amhail comhaontuithe comhair closamhairc. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir le cláir fóirdheontais chun gníomhaíochtaí cultúrtha a chur chun cinn, níl na cláir sin faoi réir theorainneacha nó oibleagáidí an Chomhaontaithe seo. Chun críocha na hiontrála sin, áirítear le 'tionscail na n-ealaíon agus an chultúir' na nithe seo a leanas: (a) leabhair, irisleabhair, tréimhseacháin, nó nuachtáin chlóite nó leictreonacha, gan priontáil agus clóchur aon cheann díobh sin san áireamh; (b) taifeadtaí scannán nó físeán; (c) taifeadtaí ceoil i bhformáid fuaime nó físeáin; (d) scóir cheoil chlóite nó scóir atá inléite ag meaisíní; (e) amharc-ealaíona, grianghrafadóireacht ealaíonta agus meáin nua; (f) taibhealaíona, lena n-áirítear amharclannaíocht, damhsa agus ealaíona sorcais; agus (g) seirbhísí meáin nó ilmheáin.

Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Seirbhísí siamsaíochta agus craolacháin
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis an méid seo a leanas: (a) ceolchoirmeacha agus léirithe ceoil a eagrú agus a chur i láthair sa tSile; nó (b) craoltaí raidió atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne, chomh maith le gach gníomhaíocht a bhaineann leis an raidió, an teilifís agus an teilifís chábla, seirbhísí clársceidealaithe satailíte agus líonraí craolacháin. D'ainneoin an mhéid thuas, tabharfaidh an tSile do dhaoine agus d'infheisteoirí an Pháirtí eile, agus dá n-infheistíochtaí, cóir atá chomh fabhrach céanna leis an gcóir a thugann an Páirtí sin do dhaoine agus d'infheisteoirí na Sile agus dá n-infheistíochtaí.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Seirbhísí sóisialta
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Ceanglais feidhmíochta (Infheistíocht) Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le seirbhísí poiblí forfheidhmithe dlí agus ceartúcháin a sholáthar, agus i ndáil leis na seirbhísí seo a leanas a sholáthar a mhéid is seirbhísí sóisialta iad a bhunaítear nó a choinnítear ar bun ar mhaithe leis an leas poiblí: cinnteacht ioncaim nó árachas, slándáil shóisialta nó árachas, leas sóisialta, oideachas, oiliúint phoiblí, sláinte agus cúram leanaí.
Bearta atá ann cheana:	

Earnáil:	Seirbhísí comhshaoil
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena bhforchuirtear an ceanglas, maidir le táirgeadh agus dáileadh uisce óil, bailiú agus diúscairt fuíolluisce agus seirbhísí sláintíochta amhail córais séarachais, diúscairt dramhaíola agus cóireáil fuíolluisce, go mbeidh na seirbhísí sin uile á soláthar ag daoine dlítheanacha a corpraíodh faoi dhlí na Sile nó a bunaíodh i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear le dlí na Sile, agus ag na daoine sin amháin. Ní bhaineann an iontráil sin le seirbhísí sainchomhairleoireachta a choinníonn daoine dlítheanacha den chineál sin.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Seirbhísí foirgníochta
Fo-earnáil:	
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le soláthar seirbhísí foirgníochta ag daoine dlítheanacha eachtracha nó ag eintitis dhlítheanacha. Féadfar a áireamh ar na bearta sin ceanglais amhail cónaí, clárú nó aon chineál eile láithreachta áitiúla.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Iompar
Fo-earnáil:	Iompar idirnáisiúnta de bhóthar
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Infheistíocht agus CBTS) Cóir an náisiúin barrfhabhair (Infheistíocht agus CBTS) Láithreacht áitiúil (CBTS)
Tuairisc:	Infheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le hiompar idirnáisiúnta lasta nó paisinéirí de thalamh i limistéir theorann.

	Ina theannta sin, forchoimeádann an tSile an ceart chun na srianta seo a leanas a choinneáil ar bun maidir le hiompar idirnáisiúnta de thalamh a sholáthar ón tSile: (a) ní mór don soláthróir seirbhíse a bheith ina dhuine Sileach nádúrtha dlítheanach; (b) ní mór fíor-shainchónaí éifeachtach sa tSile a bheith ag an soláthróir seirbhíse; agus (c) i gcás daoine dlítheanacha, ní mór an soláthróir seirbhíse a bheith comhdhéanta sa tSile de réir dlí agus 50 % nó níos mó dá stoc caipitil a bheith faoi úinéireacht náisiúnach den tSile, agus a rialú éifeachtach a bheith á dhéanamh ag náisiúnaigh den tSile.
Bearta atá ann cheana:	
Earnáil:	Seirbhísí iompair
Fo-earnáil:	Seirbhísí iompair de bhóthar
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (CBTS)
Tuairisc:	Trádáil trasteorann i seirbhísí Forchoimeádann an tSile an ceart aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena n-údaraítear daoine Sileacha nádúrtha nó dlítheanacha, agus na daoine sin amháin, le hiompar daoine nó marsantachta de thalamh a dhéanamh laistigh de chríoch na Sile (cabatáiste). Chuige sin, úsáidfidh na fiontair feithiclí atá cláraithe sa tSile.

IARSCRÍBHINN 17-C

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

Príomhnótaí

1. Leagtar amach i sceidil na bPáirtithe in Iarscríbhinní 17-C-1 agus 17-C-2 na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh a ghlacann gach Páirtí de bhun Airteagail 17.8 agus 18.7 agus na forchoimeádais a ghlacann an Páirtí sin i ndáil le bearta atá ann cheana nó bearta nua nó bearta atá níos sriantaí nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis na forálacha sin, faoi Airteagail 17.14 nó 18.8.

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'ISIC' uimhreacha an Rangúcháin Thionsclaíoch Chaighdeánaigh Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC REV. 3.1, 2002.

3. Na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha a chumhdaítear le Caibidlí 17 agus 18 agus nach bhfuil inscríofa sna sceidil na bPáirtithe, ní chumhdaítear iad leis na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh dá dtagraítear i mír 1.

4. Tá sceideal Páirtí gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

5. I ngach iontráil sa sceideal, leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'earnáil' don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn 'fo-earnáil' don earnáil shonrach nó don ghníomhaíocht shonrach ina dtugtar gealltanais i gcomhréir le CPC nó ISIC, más infheidhme; agus

(c) le 'teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh', sonraítear na teorainneacha is infheidhme, lena n-áirítear an fhéidearthacht bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun má shonraítear amhlaidh, nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh i gcás ina bhfuil an rochtain ar an margadh neamhcheangailte, ar bearta iad nach bhfuil i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 17.8 nó in Airteagal 18.7.

6. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Pháirtí AE, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh, maidir le beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal lárnach nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas. Maidir le forchoimeádas a ghlacann Ballstát, beidh feidhm aici maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den Bhallstát sin. Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, cumhdaítear leis an leibhéal lárnach rialtais, an rialtas feidearálach agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla inniúla ag gach ceann acu. Chun críocha fhorchoimeádais an Pháirtí AE, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland. Tá feidhm ag forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal na Sile maidir le beart de chuid an rialtais láir nó beart de chuid rialtais áitiúil.

7. Níl i sceidil na bPáirtithe ach teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh, agus iad neamh-idirdhealaitheach. Leagtar na bearta agus na ceanglais idirdhealaitheacha amach in Iarscríbhinní 17-A agus 17-B.

8. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní srian maidir le rochtain ar an margadh iad bearta neamh-idirdhealaitheacha de réir bhrí Airteagal 17.8 nó Airteagal 18.7 maidir le haon bheart:

(a) lena gceanglaítear go scarfaí úinéireacht an bhonneagair ó úinéireacht na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear tríd an mbonneagar sin chun iomaíocht chóir a áirithiú, mar shampla i réimse an fhuinnimh, i réimse an iompair agus i réimse na teileachumarsáide;

(b) lena sriantar tiúchan na húinéireachta chun iomaíocht chóir a áirithiú;

(c) arb aidhm dó caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, lena n-áirítear teorainn a chur le hinfhaighteacht, líon agus raon feidhme na lamháltas arna ndeonú, agus moratóir nó toirmeasc a fhorchur;

(d) lena dteorannaítear an líon údaruithe a dheonófar de bharr srianta teicniúla nó fisiceacha, mar shampla speictrim agus minicíochtaí teileachumarsáide; nó

(e) lena gceanglaítear gur daoine cáilithe a bheidh i gcéatadán áirithe de scairshealbhóirí, úinéirí, comhpháirtithe nó stiúrthóirí fiontair nó go gcleachtfaidh siad gairm áirithe, mar shampla gairm mar dhlíodóir nó mar chuntasóir.

9. Ní áirítear ar liosta na bhforchoimeádas thíos bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú nach teorannú iad de réir bhrí Airteagal 17.8 nó 18.7. Leis na bearta sin, féadtar a chur san áireamh, go háirithe, an gá atá le ceadúnas a fháil, le hoibleagáidí seirbhíse uilíche a chomhlíonadh, le cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith gnóthaithe, le pas i scrúduithe sonracha a ghnóthú, lena n-áirítear scrúduithe teanga, le ceanglas ballraíochta i ngairm áirithe a chomhlíonadh, amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil, le gníomhaire áitiúil a bheith ar fáil le haghaidh seirbhíse, nó le seoladh áitiúil a choinneáil, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile nach bhféadfar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó limistéir chosanta. Cé nach liostaítear san Iarscríbhinn seo iad, tá feidhm ag na bearta sin fós.

10. Maidir le cóir a dheonaítear do dhaoine dlítheanacha arna mbunú ag infheisteoirí Páirtí i gcomhréir le dlí an Pháirtí eile (lena n-áirítear, i gcás an Pháirtí AE, dlí Ballstáit) agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Pháirtí eile sin, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinníoll nó oibleagáid atá i de bhun Chaibidil 17, a d'fhéadfadh a bheith forchurtha ar an duine dlítheanach sin nuair a bunaíodh é sa Pháirtí eile sin, agus a leanfaidh de bheith infheidhme.

11. Níl feidhm ag sceidil na bPáirtithe ach amháin maidir le críocha na bPáirtithe i gcomhréir le hAirteagal 41.2 agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an Páirtí AE agus an tSile. Ní dhéanann siad difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

12. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i sceideal an Pháirtí AE:

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

AT An Ostair

BE An Bheilg

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

EL An Ghréig

ES An Spáinn

FI An Fhionlainn

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Foscríbhinn 17-C-1

SCEIDEAL AN PHÁIRTÍ AE

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-1 Gach earnáil	
(a) Láithreacht tráchtála	
	I ndáil le hInfheistíocht: In AE: Seirbhísí a mheastar a bheith ina bhfóntais phoiblí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal áitiúil, féadfaidh siad a bheith faoi réir monaplachtaí poiblí nó faoi réir cearta eisiacha a dheonaítear d'oibreoirí príobháideacha. Tá fóntais phoiblí ann in earnálacha amhail seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla, seirbhísí taighde agus forbartha (T&F) maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí sláinte, seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta do gach modh iompair. Is minic a dheonaítear cearta eisiacha i leith na seirbhísí sin d'oibreoirí príobháideacha, mar shampla, oibreoirí a bhfuil lamháltais acu ó údaráis phoiblí, faoi réir oibleagáidí sonracha maidir le seirbhísí. Sceidealú mionsonraithe uileghabhálach earnáilsonrach, níl sé sin praiticiúil de bhrí gur minic a bhíonn fóntais phoiblí ann ar an leibhéal fo-lárnach freisin. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir leis an teileachumarsáid ná le seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara. In HU: Ba cheart an bhunaíocht a bheith i bhfoirm cuideachta faoi dhliteanas teoranta, cuideachta comhstoic nó oifig ionadaíochta. Níl iontráil tosaigh mar bhrainse ceadaithe ach le haghaidh seirbhísí airgeadais. In IT: Neamhcheangailte i ndáil le héadáil bunanna cothromais cuideachtaí a oibríonn sna réimsí cosanta agus slándála náisiúnta. Féadfaidh éadáil sócmhainní straitéiseacha i réimsí na seirbhísí iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh a bheith faoi réir fhormheas Uachtaránacht Oifig Chomhairle na nAirí. In LT: Neamhcheangailte i ndáil le fiontair, earnálacha agus saoráidí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis an tslándáil náisiúnta.
(b) Réadmhaoin a éadáil	I ndáil le hInfheistíocht: In AE, cé is moite de HU: Ceann ar bith. In HU: Neamhcheangailte i ndáil le héadáil maoine atá faoi úinéireacht stáit.
(c) Airm, muinisean agus ábhar cogaidh	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le hairm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a dháileadh, nó trádáil iontu. Tá ábhar cogaidh teoranta d'aon táirge ar lena úsáid go míleata amháin, i ndáil le gníomhaíochtaí cogaidh nó cosanta a dhéanamh, a bheartaítear agus a dhéantar é.
III-AE-2 – Seirbhísí gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)	

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(a) Seirbhísí dlí (cuid de CPC 861), lena n-áirítear seirbhísí gníomhaire paitinní Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir leis na Príomhnótaí, go háirithe mír 9, d'fhéadfadh a bheith sna ceanglais maidir le clárú le Barra ceanglas maidir le céim sa dlí a bheith bainte amach sa tír óstach nó a coibhéis, nó roinnt oiliúna a bheith déanta faoi mhaoirseacht dlíodóra cheadúnaithe, nó oifig nó seoladh poist a bheith suite laistigh de dhlínse Barra shonraigh chun bheith incháilithe chun cur isteach ar bhallraíocht sa Bharra sin. Féadfaidh roinnt Ballstát ceanglas a fhorchur ar na daoine nádúrtha sin a bhfuil poist áirithe acu laistigh de ghnólacht, cuideachta, nó fiontar dlí, nó ar scairshealbhóirí, maidir leis an gceart a bheith acu dlí an dlínse óstaigh a chleachtadh.	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí údaraithe dlí, seirbhísí doiciméadachta agus seirbhísí deimhnithe arna soláthar ag gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, *huissiers de justice* nó *officiers publics et ministériels* eile, agus i ndáil le seirbhísí a chuireann báillí ar fáil a cheaptar trí bhíthin acht oifigiúil rialtais (cuid de CPC 861, cuid de 87902). In SE: Ceann ar bith. In AE: Tá feidhm ag ceanglais shonracha maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach i ngach Ballstát (déantar roinnt samplaí a liostú thíos ar mhaithe le trédhearcacht). In BE: Tá feidhm ag cuótaí maidir le hionadaíocht os comhair *Cour de cassation* i gcásanna neamh-choiriúla. In FR: Tá an ionadaíocht os comhair *Cour de Cassation* agus *Conseil d'État* faoi réir cuótaí. I gcás dlíodóirí a bhfuil cead isteach iomlán acu, ní mór ceann amháin de na foirmeacha dlíthiúla seo a leanas a bheith ag cuideachta, ar foirmeacha iad a údaraítear faoi dhlí na Fraince ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: SCP (*société civile professionnelle*), SEL (*société d'exercice libéral*), SEP (*société en participation*), SARL (*société à responsabilité limitée*), SAS (*société par actions simplifiée*), SA (*société anonyme*), SPE (*société pluriprofessionnelle d'exercice*) agus *association*, faoi choinníollacha áirithe. I ngnólacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí i ndáil le dlí na Fraince nó dlí an Aontais Eorpaigh, féadfaidh scairshealbhaíocht agus cearta vótála a bheith faoi réir srianta cainníochtúla a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil na gcomhpháirtithe. In SI: Tá láithreacht tráchtála d'aturnaetha ceaptha ag Comhlachas Barra na Slóivéine srianta do dhílseánacht aonair, comhlacht dlí faoi dhliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó comhlacht dlí faoi dhliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht) amháin. Srianfar gníomhaíochtaí gnólachta dlí do chleachtadh an dlí. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí.
(b) Gníomhairí paitinní, gníomhairí maoine tionsclaíche, gníomhairí maoine intleachtúla (cuid de CPC 879, 861, 8613)	I ndáil le hInfheistíocht: In AE, cé is moite de FR: Ceann ar bith. In FR: Soláthar trí SCP amháin (*société civile professionnelle*), SEL (*société d'exercice libéral*) nó aon fhoirm dhlíthiúil eile, faoi choinníollacha áirithe.
(c) Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 8621 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219, 86220)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de FR agus HU: Ceann ar bith.
	I ndáil le hInfheistíocht: In FR: Soláthar trí haon fhoirm cuideachta seachas SNC (*société en nom collectif*), agus SCS (*société en commandite simple*). Tá feidhm ag coinníollacha sonracha maidir le SEL (*sociétés d'exercice libéral*), AGC (*Association de gestion et comptabilité*) agus SPE (*Société pluri-professionnelle d'exercice*). (CPC 86213, 86219, 86220).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann le haghaidh cuntasaíochta agus leabharchoimeádta.
(d) Seirbhísí iniúchóireachta (CPC – 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de DE, EE, BG, FR, HU, PL agus PT: Ceann ar bith. In EE: Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. I ndáil le hInfheistíocht: In BG: Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. In FR: Soláthar trí aon fhoirm chuideachta ach amháin na foirmeacha sin ina meastar gur trádálaithe (*commerçants*) iad comhpháirtithe amhail SNC (*Société en nom collectif*) agus SCS (*Société en commandite simple*). In PL: Tá feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil.
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In DE: Ní fhéadfaidh cuideachtaí iniúchóireachta (*Wirtschaftsprüfungsgesellschaften*) ach foirmeacha dlíthiúla atá incheadaithe laistigh de LEE a ghlacadh. Féadfar comhpháirtíochtaí ginearálta agus comhpháirtíochtaí tráchtála teoranta a aithint mar *Wirtschaftsprüfungsgesellschaften* má tá siad liostaithe mar chomhpháirtíochtaí trádála sa chlár tráchtála ar bhonn a gcuid gníomhaíochtaí muinineacha. In HU agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí iniúchóireachta.
(e) Seirbhísí comhairleacha cánachais (CPC 863, gan seirbhísí comhairleacha dlíthiúla ná seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla maidir le cúrsaí cánach san áireamh, ar seirbhísí iad a bhfuil teacht orthu faoi sheirbhísí dlí)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de DE, FR agus PL: Ceann ar bith. In DE, PL: Tá feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil.
	I ndáil le hInfheistíocht: In FR: Soláthar trí haon fhoirm cuideachta seachas SNC (*Société en nom collectif*) agus SCS (*Société en commandite simple*). Tá feidhm ag coinníollacha sonracha maidir le SEL (*sociétés d'exercice libéral*), AGC (*Association de gestion et comptabilité*) agus SPE (*Société pluri-professionnelle d'exercice*).
(f) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí, seirbhísí innealtóireachta agus innealtóireachta comhtháite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de FR agus HR: Ceann ar bith. I ndáil le hInfheistíocht: In FR: Ní fhéadfaidh ailtire bunú in FR ach amháin chun seirbhísí ailtireachta a sholáthar trí bhíthin ceann de na foirmeacha dlíthiúla seo a leanas á úsáid (ar bhonn neamh-idirdhealaitheach): SA et SARL (*sociétés anonymes, à responsabilité limitée*), EURL (*Entreprise unipersonnelle à responsabilité limitée*), SCP (*en commandite par actions*), SCOP (*Société coopérative et participative*), SELARL (*société d'exercice libéral à responsabilité limitée*), SELAFA (*société d'exercice libéral à forme anonyme*), SELAS (*société d'exercice libéral*) nó SAS (*Société par actions simplifiée*), nó mar phearsa aonair nó mar chomhpháirtí i ngnólacht ailtireachta (CPC 8671).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In HR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann pleanála uirbí.
III-AE-3 – Seirbhísí gairmiúla – Seirbhísí a bhaineann leis an tsláinte agus le miondíol cógaisíochta	
(a) Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta; agus seirbhísí arna soláthar ag cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus pearsanra paraimhíochaine (CPC 85201, 9312, 9319)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT, BE, BG, CZ, DE, FI agus MT: Ceann ar bith. In CZ agus MT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile (CPC 9312, cuid de 9319). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine, chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe, seachas seirbhísí a sholáthraíonn altraí (CPC 9312, 93191). In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn altraí, cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine, chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe (CPC 9312, cuid de 9319).
	I ndáil le hInfheistíocht: In AT: Féadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais shonracha maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach (CPC 9312, cuid de 9319). Comhar dochtúirí chun críoch cúraim sláinte poiblí le haghaidh othair sheachtracha, nó cleachtais ghrúpa, mar a thugtar orthu, ní féidir an comhar sin a bheith ann ach amháin faoi fhoirm dhlíthiúil *Offene Gesellschaft/OG* nó *Gesellschaft mit beschränkter Haftung/GmbH*. Ní fhéadfaidh ach dochtúirí gníomhú mar chomhlaigh de chleachtas grúpa den chineál sin. Ní mór dóibh a bheith i dteideal cleachtadh leighis neamhspleách a dhéanamh, a bheith cláraithe le Cumann Liachta na hOstaire agus a bheith ag dul i mbun ghairm an leighis sa chleachtas. Ní fhéadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile gníomhú mar chomhlaigh den chleachtas grúpa ná leas a bhaint as a ioncam nó a bhrabús (cuid de CPC 9312). In DE: Féadfar srianta geografacha a fhorchur ar an gclárú gairmiúil, srianta a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh araon. Féadfaidh srianta neamh-idirdhealaitheacha a bheith ann maidir leis an bhfoirm dhlíthiúil chun na seirbhísí sin a sholáthar (§ 95 SGB V). I gcás dochtúirí (lena n-áirítear síceolaithe agus síciteiripeoirí), féadfaidh an clárú a bheith faoi réir srianta cainníochtúla atá bunaithe ar scaipeadh réigiúnach dochtúirí. Níl clárú riachtanach ach amháin le haghaidh dochtúirí atá rannpháirteach sa scéim sláinte poiblí.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In BE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis, fiaclóireachta agus cnáimhseach agus seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus pearsanra paraimhíochaine (cuid de CPC 85201, 9312, cuid de 93191).
(b) Seirbhísí tréidliachta (CPC 932)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BE, BG, DE, DK, ES, FR, IE, HU, LV, NL agus SK: Ceann ar bith. In DE: Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh tréidlia i láthair go fisiceach roimhe sin. In DE, DK, ES, LV, NL agus SK: Is do dhaoine nádúrtha, agus dóibh sin amháin, is ceadmhach seirbhísí tréidliachta a sholáthar. In IE: Is do dhaoine nádúrtha nó do chomhpháirtíochtaí, agus dóibh sin amháin, is ceadmhach seirbhísí tréidliachta a sholáthar. In HU: Tá údarú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: dálaí mhargadh an tsaothair san earnáil.
	I ndáil le hInfheistíocht: In FR: Na foirmeacha dlíthiúla a bhíonn ar fáil do chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí tréidliachta, tá siad teoranta do SEP (*société en participation*), SCP (*société civile professionnelle*) agus SEL (*société d'exercice liberal*).
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In BE, BG agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí tréidliachta.
(c) Trádáil miondíola earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha, seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BG, LT: Ní fhéadfar táirgí cógaisíochta agus earraí sonracha míochaine a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. Tá toirmeasc ar phostdíol táirgí cógaisíochta, seachas cógais thar an gcuntar. In EE: Ní fhéadfar táirgí cógaisíochta agus earraí sonracha míochaine a dhíol leis an bpobal ach trí mheán cógaslainne. Tá cosc ar phostdíol táirgí íocshláinte agus ar sheachadadh sa phost nó trí mhearsheirbhís seachadta táirgí leighis a ordaítear ar an idirlíon. Tá údarú chun bunú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: dálaí dlúis sa cheantar. In EL: Níl cead ach ag daoine nádúrtha ar cógaiseoirí ceadúnaithe iad, agus ag cuideachtaí arna mbunú ag cógaiseoirí ceadúnaithe, seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí sonracha leighis a sholáthar don phobal. In ES: Níl cead ach ag daoine nádúrtha ar cógaiseoirí ceadúnaithe iad seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí sonracha leighis a sholáthar don phobal. Ní fhéadfaidh aon chógaiseoir níos mó ná ceadúnas amháin a fháil. Tá cosc ar phostdíol cógas

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In FI: Neamhcheangailte i ndáil le trádáil miondíola táirgí cógaisíochta agus earraí leighis agus ortaipéideacha. In IE: Tá toirmeasc ar phostdíol táirgí cógaisíochta, seachas cógais thar an gcuntar. In IT: Ní féidir ach daoine nádúrtha atá cláraithe sa chlár an ghairm a chleachtadh, chomh maith le daoine dlítheanacha i bhfoirm comhpháirtíochtaí, agus sa chás sin ní mór gach comhpháirtí sa chuideachta a bheith ina chógaiseoir cláraithe. Tá údarú chun bunú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: dálaí daonra agus dlúis sa cheantar. In LU: Níl cead ach ag daoine nádúrtha seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí sonracha míochaine a sholáthar don phobal. In NL: Neamhcheangailte i ndáil le postdíol táirgí cógaisíochta. In PL: Ní féidir ach daoine nádúrtha atá cláraithe sa chlár an ghairm a chleachtadh, chomh maith le daoine dlítheanacha i bhfoirm comhpháirtíochtaí, agus sa chás sin ní mór gach comhpháirtí sa chuideachta a bheith ina chógaiseoir cláraithe. In SE: Neamhcheangailte i ndáil le trádáil miondíola earraí cógaisíochta agus soláthar earraí cógaisíochta don phobal i gcoitinne.
	I ndáil le hInfheistíocht: In AE, cé is moite de EL, IE, LU, LT agus NL: Chun srian a chur le líon na soláthróirí atá i dteideal seirbhís áirithe a sholáthar i gcrios nó i limistéar áitiúil ar leith ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Dá bhrí sin féadfar tástáil riachtanais eacnamaíoch a chur i bhfeidhm, agus aird á tabhairt ar fhachtóirí amhail líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, bonneagar iompair, dlús daonra nó raon geografach. In BG: Caithfidh bainisteoirí cógaslainne a bheith ina gcógaiseoirí cáilithe agus ní fhéadfaidh siad ach chógaslann amháin a bhainistiú ina bhfuil siad féin ag obair. Tá cuóta (nach mó ná 4) ann maidir le líon na gcógaslann a fhéadfaidh a bheith faoi úinéireacht aon duine amháin in BG. In DE: Ní cheadaítear ach do dhaoine nádúrtha (cógaiseoirí) cógaslann a oibriú. Tá an líon iomlán cógaslann in aghaidh an duine srianta d'aon chógaslann amháin agus do suas le trí chógaslann brainse. In DK: Níl cead ach ag daoine nádúrtha, ar dheonaigh Údarás Sláinte agus Leighis na Danmhairge ceadúnas cógaiseora dóibh seirbhísí miondíola táirgí cógaisíochta agus earraí sonracha míochaine a sholáthar don phobal. In FR: Ní mór oscailt cógaslainne a údarú, agus maidir le láithreacht tráchtála, lena n-áirítear táirgí leighis a dhíol leis an bpobal trí bhíthin sheirbhísí na sochaí faisnéise, ní mór í a bheith i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a cheadaítear faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: *société d'exercice libéral* (SEL) *anonyme, par actions simplifiée, à responsabilité limitée unipersonnelle* nó *pluripersonnelle, en commandite par actions, société en noms collectifs* (SNC) nó *société à responsabilité limitée* (SARL) *unipersonnelle* nó *pluripersonnelle* amháin.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In ES, HR, HU, agus PT: Tá údarú chun bunú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: dálaí daonra agus dlúis sa cheantar. In CZ, MT: Eisiúint ceadúnas cógaslainne de réir srianta sonracha. Ní mór gan níos mó ná aon cheadúnas amháin a bheith ag duine ina ainm féin in aon bhaile nó sráidbhaile (Rialachán 5(1) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07)) ach amháin i gcás nach bhfuil aon iarratais eile le haghaidh an bhaile nó an tsráidbhaile sin (Rialachán 5(2) de na Rialacháin maidir le Ceadúnas Cógaslainne (LN279/07)). In PT: I gcuideachtaí tráchtála ina bhfuil an caipiteal i bhfoirm scaireanna, beidh na scaireanna sin ainmniúil. Ní fhéadfaidh aon duine úinéireacht, oibriú nó bainistíocht níos mó ná ceithre chógaslann a shealbhú ná a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, san am céanna. In SI: Is é atá i líonra na gcógaslann in SI institiúidí poiblí cógaslainne, faoi úinéireacht bardas, agus cógaiseoirí príobháideacha faoi lamháltas, nach mór don úinéir tromlaigh a bheith ina chógaiseoir gairmiúil. Tá toirmeasc ar phostdíol earraí cógaisíochta lena bhfuil oideas ag teastáil. Maidir le postdíol cógais thar an gcuntar, ní mór cead speisialta ón Stát a fháil.
III-EU-4 – Seirbhísí gnó – seirbhísí taighde agus forbartha (CPC 851, 852, 853)	
	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de RO: Ceann ar bith. I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí amháin: In RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí taighde agus forbartha.
III-EU-5 – Seirbhísí gnó – seirbhísí réadmhaoine (CPC 821, 822)	
	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de CZ agus HU: Ceann ar bith. I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In CZ agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí réadmhaoine.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-6 – Seirbhísí gnó – Seirbhísí cíosa nó léasaithe	
(a) Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí (CPC 831)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le haerárthaí gan chriú a fháil ar cíos nó a léasú gan (léas tirim). Aerárthaí atá in úsáid ag aeriompróir de chuid an Aontais Eorpaigh faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le clárú aerárthaí. Beidh comhaontú léasa thirim, ar páirtí ann é iompróir de chuid an Aontais Eorpaigh, faoi réir ceanglas san Aontas Eorpach nó faoi réir an dlí náisiúnta maidir le sábháilteacht eitlíochta, amhail formheas roimh ré agus coinníollacha eile is infheidhme maidir le haerárthaí cláraithe tríú tíortha a úsáid (CPC 83104).
(b) Seirbhísí cíosa nó léasaithe gan oibreoirí maidir le hearraí pearsanta agus tí (CPC 832)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BE agus FR: Ceann ar bith. I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In BE agus FR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí léasaithe nó cíosa gan oibreoir maidir le hearraí pearsanta agus tí.
III-AE-7 – Seirbhísí gnó	
(a) Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara (CPC 84) ([1])	Ceann ar bith.
(b) Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 864)	Ceann ar bith.
(c) Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865) agus seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta (CPC 866)	Ceann ar bith.
(d) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de FR: Ceann ar bith. I ndáil le hInfheistíocht: In FR: Le haghaidh suirbhéireachta, rochtain trí SEL (*anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions*), SCP (*Société civile professionnelle*), SA agus SARL (*sociétés anonymes, à responsabilité limitée*) amháin.

([1]) Tacaíonn an tAontas leis an ‘Tuiscint maidir le raon feidhme an chumhdaigh i dtaca le seirbhísí ríomhaireachta - CPC 84’.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de FR agus PT: Ceann ar bith. I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In FR: Forchoimeádtar gairm an bhitheolaí do dhaoine nádúrtha. In PT: Tá na gairmeacha bitheolaí, anailíseoir ceimiceach agus agranamaí forchoimeádta do dhaoine nádúrtha.
(f) Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In AE: Ceann ar bith.
(g) Seirbhísí socrúcháin (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí soláthair pearsanra cúnaimh baile, oibrithe tráchtála nó tionscail eile, pearsanra altranais agus eile. In HU agus SE: Ceann ar bith (CPC 87204, 87205, 87206, 87209). In AE, maidir le seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201): Ceann ar bith, seachas le haghaidh BG, CY, CZ, DE, EE, FI, MT, LT, LV, PL, PT, RO, SI agus SK sa chás seo a leanas: Neamhcheangailte. In AE, chun seirbhísí socrúcháin a bhunú le haghaidh baill foirne tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202): Ceann ar bith, cé is moite de AT, BG, CY, CZ, EE, FI, LT, LV MT, PL, PT, RO, SI agus SK sa chás seo a leanas: Neamhcheangailte. In AE, le haghaidh seirbhísí soláthair pearsanra tacaíochta oifige (CPC 87203): In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, MT, LT, LV, PL, PT, RO, SI agus SK: Neamhcheangailte. In DE: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí socrúcháin. In ES: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí cuardaigh feidhmeannach agus seirbhísí socrúcháin (CPC 87201, 87202). In FR: Féadfaidh na seirbhísí sin a bheith faoi réir monaplacht stáit (CPC 87202). In IT: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí soláthair pearsanra oifige (CPC 87203).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BE, HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí socrúcháin le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile (CPC 87202). In BE: Ceann ar bith. In IE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (CPC 87201). In FR, IE, IT agus NL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí pearsanra oifige (CPC 87203).
(h) Seirbhísí slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BG, CY, CZ, DK, EE, ES, FI, HR, HU, LT, LV, MT, PL, RO, SI agus SK: Ceann ar bith. In BG, CY, CZ, EE, ES, LT, LV, MT, PL, RO, SI agus SK: Neamhcheangailte. In DK, HR agus HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar na bhfo-earnálacha seo a leanas: seirbhísí garda (87305) in HR agus HU, seirbhísí comhairliúcháin slándála (87302) in HR, seirbhísí garda aerfoirt (cuid de 87305) in DK agus seirbhísí carr armúrtha (87304) in HU.
	I ndáil le hInfheistíocht: In FI: Neamhcheangailte i ndáil le ceadúnais chun seirbhísí slándála a sholáthar.
(i) Seirbhísí imscrúdaithe (CPC 87301)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT agus SE: Neamhcheangailte. In AT agus SE: Ceann ar bith.
(j) Seirbhísí glantacháin foirgneamh (CPC 874)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Ceann ar bith.
(k) Seirbhísí grianghrafadóireachta (CPC 875)	Ceann ar bith.
(l) Seirbhísí pacáistithe (CPC 876)	Ceann ar bith.
(m) Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa, seirbhísí gníomhaireachta bailithe (CPC 87901, 87902)	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de ES, LV agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí gníomhaireachta bailithe agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa. In ES, LV agus SE: Ceann ar bith.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(n) Seirbhísí freagartha teileafóin (CPC 87903)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Ceann ar bith.
(o) Seirbhísí dúblála (CPC 87904)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de HU: Ceann ar bith. I ndáil le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí: In HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí dúblála.
(p) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de HU agus PL: Ceann ar bith. In HU: Ní fhéadfaidh ach Oifig Aistriúcháin agus Deimhniúcháin na hUngáire (OFFI) aistriúcháin oifigiúla, deimhnithe oifigiúla ar aistriúcháin, agus cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid oifigiúla i dteangacha eachtracha a sholáthar. In PL: Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha a bheith ina n-aistritheoirí faoi bhrí mionna.
(q) Seirbhísí tiomsaithe liosta seoltaí agus poist (CPC 87906)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Ceann ar bith.
(r) Seirbhísí deartha speisialtachta (CPC 87907)	Ceann ar bith.
(s) Seirbhísí gnó eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (CPC 87909)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de SE: Ceann ar bith. In SE: Ní mór do bheirt an plean eacnamaíoch le haghaidh cumann foirgníochta a dheimhniú. Ní mór na daoine sin a bheith formheasta go poiblí ag údaráis in LEE. In SE: Ní mór siopaí gill a bhunú mar chuideachta faoi dhliteanas teoranta nó mar bhrainse.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(t) Seirbhísí a bhaineann le haeriompar: — Díol agus Margú — Seirbhísí Córas Áirithinte ar Ríomhairí (CAR)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Ceann ar bith
(u) Seirbhísí deisiúcháin a bhaineann le táirgí, innealra agus trealamh miotail (CPC 886, seachas 8868)	Ceann ar bith.
	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de HU: Ceann ar bith. In HU: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh agus le soláthar trasteorann seirbhísí a bhaineann le monarú, ach amháin seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann leis na hearnálacha sin.
(v) Cothabháil agus deisiú soithí, trealaimh iompair iarnróid agus aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 86764, 86769, 8868)	Ceann ar bith.
(x) Seirbhísí gnó eile agus seirbhísí hallamharcála (cuid de CPC 893)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de CZ, LT agus NL: Ceann ar bith. In LT: Neamhcheangailte. In NL: Faoi láthair deonaítear hallamharcáil earraí miotail lómhair go heisiach do dhá mhonaplacht phoiblí Dhúitseacha.
(y) Pacáistiú (cuid de CPC 88493, ISIC 37)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In CZ: Cuideachta pacáistithe a sholáthraíonn seirbhísí i dtaca le haisghlacadh agus aisghabháil, ní mór í a bheith ina cuideachta comhstoic (cuid de CPC 88493, ISIC 37).
III-AE-8 – Seirbhísí cumarsáide	
(a) Seirbhísí poist agus cúiréireachta (cuid de CPC 71235, cuid de CPC 73210, cuid de 751)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Féadfar eagrú suíomh do bhoscaí litreacha ar an mórbhealach poiblí, eisiúint stampaí poist agus soláthar na seirbhíse poist cláraithe a úsáidtear le linn nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin a shrianadh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Féadfar córais cheadúnaithe a bhunú le haghaidh na seirbhísí sin dá bhfuil oibleagáid seirbhíse uilíche i bhfeidhm. Féadfar na ceadúnais sin a bheith faoi réir oibleagáidí seirbhíse uilíche áirithe nó ranníocaíocht airgeadais le ciste cúitimh.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(b) Teileachumarsáid (CPC 752, 753, 754)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BE: Ceann ar bith. In BE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte.
III-EU-9 – Foirgníocht (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517, 518)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Ceann ar bith.
III-AE-10 – Seirbhísí dáileacháin	
(a) Seirbhísí dáileacháin (CPC 3546, 631, 632 seachas 63211, 63297, 62276, cuid de 621)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de PT: Ceann ar bith. I ndáil le hInfheistíocht: In PT: Tá scéim shonrach um údarú ann le haghaidh bunaíochtaí miondíola agus ionaid siopadóireachta áirithe a bhunú. Baineann sé sin le hionaid siopadóireachta ina bhfuil oll-limistéar inléasaithe ar mhéid 8 000 m^2 nó níos mó, agus le bunaíochtaí miondíola a bhfuil limistéar díolacháin acu ar mhéid 2 000 m^2 nó níos mó, i gcás ina bhfuil siad lonnaithe lasmuigh d'ionaid siopadóireachta. Príomhchritéir: Rannchuidiú le hiliomad tairiscintí tráchtála; measúnú ar sheirbhísí do thomhaltóirí; cáilíocht na fostaíochta agus freagracht shóisialta chorparáideach; comhtháthú sa timpeallacht uirbeach; agus rannchuidiú le héicéifeachtúlacht (CPC 631, 632 cé is moite de 63211, 63297).
(b) Dáileadh earraí cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de FI: Ceann ar bith. In FI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh táirgí cógaisíochta.
(c) Dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de FI agus SE: Ceann ar bith. In FI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh deochanna alcólacha. In SE: Monaplacht a fhorchur ar thrádáil miondíola deochanna meisciúla, fíona agus beorach (ach amháin beoir neamh-mheisciúil). Tá monaplacht rialtais ag Systembolaget AB ar thrádáil miondíola deochanna meisciúla, fíona agus beorach (ach amháin beoir neamh-mheisciúil). Is deochanna ina bhfuil an t-ábhar alcóil os cionn 2,25 % den toirt iad deochanna meisciúla. Neart alcóil de níos mó ná 3,5 % den toirt, sin an teorainn do bheoir (cuid de CPC 631).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(d) Dáileadh tobac (cuid de CPC 6222, 62228, cuid de 6310, 63108)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT, EE, ES, FR agus IT: Ceann ar bith. In AT: Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha iarratas a dhéanamh ar údarú chun oibriú mar thobacadóir (CPC 63108). In ES: Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha oibriú mar thobacadóir. Ní fhéadfaidh aon tobacadóir níos mó ná ceadúnas amháin a fháil (CPC 63108). Tá monaplacht stáit ann ar thrádáil miondíola tobac. In FR: Monaplacht stáit ar thrádáil mórdhíola agus miondíola tobac (cuid de CPC 6222, cuid de 6310). In IT: Tá gá le ceadúnas chun tobac a dháileadh agus a dhíol. Deonaítear an ceadúnas trí nósanna imeachta poiblí. Tá deonú ceadúnas faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: daonra agus dlús geografach na bpointí díola atá ann cheana (cuid de CPC 6222, cuid de 6310).
III-EU-11 – Seirbhísí comhshaoil (a) Seirbhísí fuíolluisce (CPC 9401) (b) Bainistiú dramhaíola soladaí/guaisí, gan iompar trasteorann dramhaíola guaisí san áireamh (i) Seirbhísí diúscartha bruscair (CPC 9402) (ii) Seirbhísí sláintíochta agus seirbhísí comhchosúla (CPC 9403) (c) Cosaint an aeir chomhthimpeallaigh agus na haeráide (CPC 9404)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de DE: Ceann ar bith. I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí amháin: In DE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí bainistithe dramhaíola, seachas seirbhísí comhairleacha, agus i ndáil le seirbhísí a bhaineann le cosaint ithreach agus le bainistiú ithreacha éillithe, seachas seirbhísí comhairleacha (CPC 9401, 9402, 9403, 94060).
(d) Feabhsú agus glantachán ithreach agus uiscí (i) Cóireáil, feabhsú ithreach agus uisce éillithe nó truaillithe (cuid de CPC 9406)	
(e) Laghdú torainn agus creatha (CPC 9405) (f) Cosaint na bithéagsúlachta agus an tírdhreacha (g) Seirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha (cuid de CPC 9406) (h) Seirbhísí comhshaoil agus coimhdeacha eile (CPC 9409)	

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-EU-12 – Seirbhísí oideachais (CPC 92) (Seirbhísí a chistítear go príobháideach amháin)	
	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí oideachais a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith. I gcás ina gceadaítear do sholáthraí eachtrach seirbhísí oideachais a sholáthar arna gcistiú go príobháideach, féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa chóras oideachais a bheith faoi réir lamháltas arna leithdháileadh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. In AE, cé is moite de CZ, NL, SE agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí oideachais eile a chistítear go príobháideach, rud a chiallaíonn seirbhísí seachas iad sin a aicmítear mar sheirbhísí bunoideachais, meánoideachais, ardoideachais agus oideachais aosach (CPC 929). In CY, FI, MT agus RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí bunoideachais, meánoideachais, agus oideachais aosach a chistítear go príobháideach (CPC 921, 922, 924). In AT, BG, CY, FI, MT agus RO: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ardoideachais a chistítear go príobháideach (CPC 923). In SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthróirí seirbhísí oideachais atá formheasta ag údaráis phoiblí chun oideachas a chur ar fáil. Baineann an forchoimeádas sin le soláthróirí seirbhísí oideachais atá á gcistiú go príobháideach agus a bhfuil tacaíocht éigin Stáit acu, *inter alia*, soláthróirí seirbhísí oideachais arna sainaithint ag an Stát, soláthróirí seirbhísí oideachais faoi mhaoirseacht an Stáit nó oideachas a thugann teidlíocht chun tacaíocht staidéir a fháil (CPC 92). In SK: I gcás gach seirbhíse oideachais atá á cistiú go príobháideacha cé is moite de sheirbhísí teicniúla agus gairmoideachais iar-bhunscoile: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm agus féadfaidh na húdaráis áitiúla líon na scoileanna atá á mbunú a theorannú (CPC 921, 922, 923 seachas 92310, 924).
	I ndáil le hInfheistíocht: In AE, cé is moite de ES agus IT: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm maidir le hoscailt ollscoile, a chistítear go príobháideach, ina n-eisítear dioplómaí nó céimeanna aitheanta. Príomhchritéir: daonra agus dlús na mbunaíochtaí atá ann cheana. In ES: Is éard atá i gceist leis an nós imeachta comhairle a fháil ón bParlaimint. In IT: Tá sé seo bunaithe ar chlár 3 bliana agus ní fhéadfar ach daoine dlítheanacha Iodálacha a údarú chun dioplómaí atá aitheanta ag an stát a eisiúint (CPC 923).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-EU-13 – Seirbhísí sláinte agus sóisialta (Seirbhísí a chistítear go príobháideach amháin)	
(a) Seirbhísí sláinte – seirbhísí ospidéil, otharchairr agus sláinte cónaithe (CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199)	I ndáil le hInfheistíocht: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gach seirbhíse sláinte a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith. Neamhcheangailte i ndáil le gach seirbhís sláinte a fhaigheann cistiú príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil, otharchairr, agus saoráidí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, cé is moite de sheirbhísí ospidéil. Rannpháirtíocht oibreoirí i líonra sláinte a chistítear go príobháideach, féadfaidh sé a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar atá orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla i dtaca leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, ar seirbhísí iad a chumhdaítear le forchoimeádais eile (CPC 931 cé is moite de 9312, cuid de 93191). In AT, PL agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí otharchairr a chistítear go príobháideach (CPC 93192). In BE: Neamhcheangailte i ndáil le bunú seirbhísí otharchairr agus saoráidí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil (CPC 93192, 93193). In BG, CY, CZ, FI, MT agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ospidéil, otharchairr, agus seirbhísí sláinte cónaithe a chistítear go príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil (CPC 9311, 93192, 93193). In DE: Neamhcheangailte i ndáil le Soláthar Chóras Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina bhféadfaidh cuideachtaí nó eintitis seirbhísí a sholáthar a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo nach seirbhísí iad, dá bhrí sin, nach dtagann faoin sainmhíniú 'gníomhaíochtaí arna ndéanamh i bhfeidhmiú údaráis rialtais' (CPC 93). In DE: Neamhcheangailte i ndáil le húinéireacht ospidéal a chistítear go príobháideach agus a bhfuil Fórsaí na Gearmáine ina mbun. In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí eile a bhaineann le sláinte an duine (CPC 93199). In FR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne a chistítear go príobháideach.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In DE: (tá feidhm ag an méid sin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Is iad na *Länder* a eagraíonn agus a rialaíonn seirbhísí tarrthála agus 'seirbhísí otharchairr cáilithe'. Déanann an chuid is mó de na *Länder* inniúlachtaí i réimse na seirbhísí tarrthála a tharmligean do bhardais. Ceadaítear do bhardais tosaíocht a thabhairt d'oibreoirí neamhbhrabúis. Tá feidhm chomhionann aige sin maidir le soláthróirí seirbhíse eachtracha agus soláthraithe seirbhíse intíre araon (CPC 931, 933). Tá seirbhísí otharchairr faoi réir pleanála, ceada agus creidiúnaithe. I dtaca leis an teililleigheas, féadtar líon na soláthróirí seirbhíse TFC (teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide) a theorannú chun idirinoibritheacht, comhoiriúnacht agus caighdeáin sábháilteachta riachtanacha a ráthú. Cuirtear é sin i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach. In SI: Tá monaplacht stáit forchoimeádta do na seirbhísí seo a leanas: Soláthar fola agus ullmhúchán fola, baint agus caomhnú orgán daonna le haghaidh trasphlandaithe, seirbhísí soch-mhíochaine, sláinteachais, eipidéimeolaíocha agus éiceolaíochta-sláinte, seirbhísí pata-anatamaíocha, agus giniúint le cúnamh bithleighis (CPC 931). In FR: I gcás seirbhísí ospidéil agus otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe (seachas seirbhísí ospidéil) agus seirbhísí sóisialta: Is féidir le cuideachtaí a bheith i bhfoirmeacha dlíthiúla ar bith, seachas foirmeacha a fhorchoimeádtar do ghairmeacha liobrálacha.
(b) Seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí sláinte, seirbhísí sóisialta agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla i dtaca leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, ar seirbhísí iad a chumhdaítear le forchoimeádais eile (CPC 931 cé is moite de 9312, cuid de 93191). In HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann gach seirbhíse ospidéil, seirbhíse otharchairr agus seirbhíse sláinte cónaithe ó lasmuigh dá críoch cé is moite de sheirbhísí ospidéil, a fhaigheann cistiú poiblí (CPC 9311, 93192, 93193).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(c) Seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar na seirbhísí sóisialta uile a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialaí. Féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra sóisialta arna chistiú go príobháideach a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar atá orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua. In CZ, FI, HU, MT, PL, RO, SK agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí sóisialta a chistítear go príobháideach. In BE, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT agus PT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí sóisialta a chistítear go príobháideach cé is moite de sheirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus le hárais seanóirí. In DE: Neamhcheangailte i ndáil le Córas Slándála Sóisialta na Gearmáine, i gcás ina soláthraíonn cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh nach dtiocfaidís faoin sainmhíniú maidir le 'gníomhaíochtaí arna ndéanamh i bhfeidhmiú údaráis rialtais'.
	I ndáil le hInfheistíocht amháin: In HR: D'fhéadfadh sé go mbeadh bunú roinnt saoráidí cúraim shóisialta arna cistiú go príobháideach faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch, go háirithe limistéir gheografacha (CPC 9311, 93192, 93193, 933).
III-AE-14 – Seirbhísí Turasóireachta agus seirbhísí a bhaineann le taisteal (a) Óstáin, bialanna agus lónadóireacht (CPC 641, 642, 643), gan lónadóireacht i seirbhísí aeriompair san áireamh – is féidir teacht orthu sin faoi sheirbhísí láimhseála ar an talamh (b) Gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí tionscnóirí turas (lena n-áirítear bainisteoirí turas) (CPC 7471) (c) Seirbhísí treoraithe turasóireachta (CPC 7472)	I ndáil le hInfheistíocht: In AE, cé is moite de BG: Ceann ar bith. In BG: Tá corprú ina cheanglas (ní cheadaítear brainsí) (CPC 7471, 7472).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-EU-15 – Seirbhísí áineasa, cultúrtha agus spóirt (seachas seirbhísí closamhairc)	
(a) Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, iarsmalainne agus seirbhísí cultúrtha eile (CPC 963)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT agus, a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht, in LT: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim, agus seirbhísí cultúrtha eile. In AT agus LT: Féadfaidh ceadúnas nó lamháltas a bheith ina cheanglas maidir le bunaíocht.
(b) Seirbhísí siamsaíochta, amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619, 964 seachas 96492)	I ndáil le hInfheistíocht: In AE: Ceann ar bith, seachas: In CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI agus SK: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó. In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar na seirbhísí siamsaíochta seo a leanas: seirbhísí sorcais, páirce siamsaíochta agus tarraingtí eile cosúil leo, seirbhísí bálseomra, dioscó agus teagascóra rince agus seirbhísí siamsaíochta eile. In EE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta eile, cé is moite de sheirbhísí pictiúrlainne. In LT agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí siamsaíochta uile ach amháin i gcás seirbhísí oibriúcháin pictiúrlainne.
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó. In AT agus SE: Ceann ar bith.
(c) Seirbhísí gníomhaireachta nuachta (CPC 962)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de HU: Ceann ar bith. In HU: Neamhcheangailte.
(d) Seirbhísí spóirt agus seirbhísí áineasa eile (CPC 964)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Ceann ar bith.
(e) Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta (CPC 96492)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar gníomhaíochtaí cearrbhachais, a bhaineann le geall a chur a bhfuil luach airgid air i gcluichí seans, lena n-áirítear an méid sin i gcrannchuir áirithe, scríobchártaí, seirbhísí cearrbhachais arna dtairiscint i gcasaíní, in árais siamsaíochta cearrbhachais nó in áitribh cheadúnaithe, seirbhísí biongó agus cearrbhachais arna n-oibriú ag carthanais nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus chun a leasa.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-16 – Seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair	
(a) Iompar muirí. (i) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí (CPC 7211 seachas iompar cabatáiste náisiúnta) (ii) Iompar idirnáisiúnta lasta (CPC 7212 seachas iompar cabatáiste náisiúnta)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de LV agus MT: Neamhcheangailte i ndáil leis an gcuspóir, soitheach a chlárú agus cabhlach a oibriú faoi bhratach an Stáit bunaíochta (gach gníomhaíocht mhuirí tráchtála a dtugtar fúithi ó long mhuirghabhála, lena n-áirítear iascaireacht, dobharshaothrú, agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht; iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta (CPC 721); agus seirbhísí cúnta iompair mhuirí). In AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí friothálacha, agus i ndáil le hathshuí coimeádán, iad faoi úinéireacht nó ar léas, arna dhéanamh ag fiontair loingseoireachta de chuid an Aontais Eorpaigh, don chuid de na seirbhísí sin nach dtagann faoi eisiamh an chabatáiste mhuirí náisiúnta. In CZ, MT: Tá cearta eisiacha ann don nasc muirí le mórthír na hEorpa trí IT le MT (CPC 7213, 7214, cuid de 742, 745, cuid de 749). In LV: Ceann ar bith
(b) Seirbhísí cúnta iompair mhuirí agus iompair ar uiscebhealaí intíre	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí píolótaíochta agus cur i mbeart (CPC 7452). In AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí cúnta iompair ar uiscebhealaí intíre. In AE: I gcás seirbhísí calafoirt, féadfaidh comhlacht bainistíochta calafoirt, nó an t-údarás inniúil, líon na soláthraithe seirbhísí calafoirt a theorannú i gcás seirbhís calafoirt ar leith. In AE, cé is moite de LT agus LV: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí brú agus tarraingthe (CPC 7214). In LT agus LV: Ceann ar bith. In BG: Féadfar teorainn a chur le líon na soláthróirí seirbhíse sna calafoirt, ag brath ar acmhainn oibiachtúil an chalafoirt, rud a chinneann coimisiún saineolaithe arna bhunú ag an Aire Iompair, Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ISIC 0501, 0502, CPC 5133, 5223, 721, 722, 74520, 74540, 74590, 882). In BG: Maidir le seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar poiblí a chuirtear ar fáil i gcalafoirt de chuid na Bulgáire a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, is trí chonradh lamháltais a dheonaítear an ceart chun gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéanamh. I gcalafoirt a bhfuil tábhacht réigiúnach leo, is trí chonradh le húinéir an chalafoirt a dheonaítear an ceart sin (CPC 74520, 74540 agus 74590). I ndáil le hInfheistíocht: In AE, cé is moite de EL agus IT: Ceann ar bith. In EL: Monaplacht phoiblí arna forchur i limistéir chalafoirt maidir le seirbhísí láimhseála lasta (CPC 741). In IT: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm maidir le seirbhísí láimhseála lasta ar muir. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana, dlús daonra, raon geografach agus cruthú fostaíochta nua agus an tionchar orthu (CPC 741).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(c) Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar paisinéirí agus lasta d'iarnród (CPC 711). In LT: Na cearta eisiacha um sholáthar seirbhísí iompair, deonaítear iad do ghnóthais iarnróid atá faoi úinéireacht an stáit, nó a bhfuil 100 % dá stoc faoi úinéireacht an stáit (CPC 711). In AE, cé is moite de LT agus SE, maidir le seirbhísí cúnta iompair d'iarnród: Ceann ar bith. In LT: Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair d'iarnród faoi réir monaplacht stáit (CPC 86764, 86769, cuid de 8868). In SE: Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealaimh iompair d'iarnród faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch i gcás ina mbeartaíonn infheisteoir a chuid saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 86764, 86769, cuid de 8868).
(d) Iompar de bhóthar (seirbhísí iompair paisinéirí, seirbhísí iompair lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta) agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar de bhóthar (seirbhísí iompair paisinéirí, seirbhísí iompair lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta). I ndáil le hInfheistíocht: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le cabatáiste laistigh de Bhallstát arna dhéanamh ag infheisteoirí eachtracha atá bunaithe i mBallstát eile (CPC 712). In AE: Féadfaidh tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm maidir le seirbhísí tacsaí san Aontas Eorpach, lena leagtar síos teorainn le líon na soláthróirí seirbhíse. Príomhchritéar: éileamh áitiúil dá bhforáiltear sna dlíthe is infheidhme (CPC 71221). In BE: Féadfar líon uasta ceadúnas a shocrú de réir dlí (CPC 71221). In AT, BG agus DE: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do dhaoine nádúrtha an Aontais Eorpaigh agus do dhaoine dlítheanacha an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach. (CPC 712). In CZ: Tá corprú in CZ ina cheanglas (ní cheadaítear brainsí). In ES: Maidir le hiompar paisinéirí, tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí a sholáthraítear faoi CPC 7122. Príomhchritéar: éileamh áitiúil. Tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar dhálaí tráchta agus cruthú fostaíochta nua. In FR: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí bus idirchathrach (CPC 712). In IE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua (CPC 7121, 7122).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	In IT: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm maidir le seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar dhálaí tráchta agus cruthú fostaíochta nua. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar dhálaí tráchta agus cruthú fostaíochta nua. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí iompair lasta. Príomhchritéir: éileamh áitiúil (CPC 712). In CZ, MT: I gcás seirbhísí bus poiblí: Tá an líonra iomlán faoi réir lamháltais lena n-áirítear comhaontú maidir le hOibleagáid Seirbhíse Poiblí chun freastal ar earnálacha sóisialta áirithe (amhail mic léinn agus daoine scothaosta) (CPC 712). In CZ, MT: Maidir le tacsaithe, tá feidhm ag srianta uimhriúla ar líon na gceadúnas. I gcás *Karozzini* (cóistí capaill), tá srianta uimhriúla i bhfeidhm maidir leis an líon ceadúnas (CPC 712). In PT: Maidir le hiompar paisinéirí, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, an tionchar ar dhálaí tráchta agus cruthú fostaíochta nua (CPC 71222). In SE: Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do threalamh iompair de bhóthar faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch i gcás ina mbeartaíonn infheisteoir a chuid saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus acmhainne (CPC 6112, 6122, 86764, 86769, cuid de 8867). In SE: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, tá gá le ceadúnas Sualannach. Áirítear leis na critéir chun ceadúnas tacsaí a fháil go mbeadh duine nádúrtha ceaptha ag an gcuideachta chun gníomhú mar bhainisteoir iompair (ceanglas cónaithe *de facto* – féach ar fhorchoimeádas na Sualainne maidir le cineálacha bunaíochta) (CPC 712). In SK: I gcás iompar lasta, cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm. Príomhchritéir: éileamh áitiúil (CPC 712).
	I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BG, i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí tacaíochta iompair de bhóthar (CPC 744): Ceann ar bith. In BG: Neamhcheangailte.
(e) Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair (CPC 7461, 7469, 83104)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Leibhéal oscailteachta na seirbhísí láimhseála ar an talamh, braitheann sé ar mhéid an aerfoirt. Féadfar teorainn a chur le líon na soláthróirí i ngach aerfort. I gcás aerfoirt mhóra, ní fhéadfaidh an teorainn sin a bheith níos lú ná dhá sholáthróir. I ndáil le hInfheistíocht: In PL: Le haghaidh seirbhísí stórála d'earraí reoite nó cuisnithe, beidh an fhéidearthacht catagóirí áirithe seirbhíse a sholáthar ag brath ar mhéid an aerfoirt. Féadfar líon na soláthróirí i ngach aerfort a theorannú mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil, agus do líon nach lú ná dhá sholáthróir ar chúiseanna eile (cuid de CPC 742).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(f) Spásiompar agus spásárthaí ar cíos	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí iompair tríd an spás agus spásárthaí ar cíos (CPC 733, cuid de 734).
III-AE-17 – Talmhaíocht, iascaireacht, uisce, monaraíocht	
(a) Talmhaíocht, fiach, foraoiseacht agus seirbhísí a bhaineann le talmhaíocht, fiach agus foraoiseacht (ISIC 01, 02, CPC 881)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de HR, HU, PT agus SE: Ceann ar bith. In HR: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus fiaigh. In HU: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta (ISIC 011, 012, 013, 014, 015, CPC 8811, 8812, 8813 cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In PT: Tá na gairmeacha bitheolaí, anailíseoir ceimiceach agus agranamaí forchoimeádta do dhaoine nádúrtha (CPC 881). In SE: Neamhcheangailte i ndáil le feirmeoireacht réinfhianna (ISIC 014).
(b) Iascaireacht, dobharshaothrú agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht (ISIC 05, CPC 882)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le hiascaireacht, dobharshaothrú, seirbhísí a bhaineann le hiascaireacht. In AE: Neamhcheangailte i ndáil le saoráidí dobharshaothraithe mhuirí nó intíre a bhunú. In FR: Neamhcheangailte i ndáil le rannpháirtíocht i réadmhaoin mhuirí na Fraince le haghaidh feirmeoireacht éisc, sliogéisc nó algaí. In BG: Neamhcheangailte i ndáil le tógáil acmhainní atá beo san fharraige nó in aibhneacha, a bhíonn á déanamh ag soithí sna huiscí mara inmheánacha agus i bhfarraige chríochach BG.
(c) Bailiú, íonú agus dáileadh uisce (ISIC 41)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le bailiú, íonú agus dáileadh uisce d'úsáideoirí tí, úsáideoirí tionsclaíocha, úsáideoirí tráchtála nó eile, lena n-áirítear soláthar uisce óil, agus bainistiú uisce.
(d) Monaraíocht (ISIC 16, 17, 18, 19, 20, 21)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE: Ceann ar bith.
(e) Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta (ISIC 22, CPC 88442)	Ceann ar bith.
(f) Monaraíocht (ISIC 23, 24, 25, 26, 27, 28, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, 37)	Ceann ar bith.

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-18 – Mianadóireacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh	
(a) Mianadóireacht agus cairéalú (ISIC 10, 11, 12: Mianadóireacht ábhar lena dtáirgtear fuinneamh, ISIC 13, 14: Mianadóireacht mianta miotail agus mianadóireacht eile; CPC 5115, 7131, 8675, 883)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BE, EE, FI, IT agus NL: Ceann ar bith. In IT: (tá feidhm aige freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais a mhéid a bhaineann le taiscéalaíocht): Tá rialacha sonracha maidir le taiscéalaíocht agus mianadóireacht i bhfeidhm maidir le mianaigh ar leis an Stát iad. Sula ndéantar aon ghníomhaíocht taiscéalaíochta, tá gá le ceadúnas um thaiscéalaíocht (*permesso di ricerca*, Airteagal 4 Foraithne Ríoga 1447/1927). Tá fad ar leith ag gabháil leis an gceadúnas sin, agus sainítear leis go beacht teorainneacha na talún a bhfuil taiscéalaíocht á déanamh uirthi; féadfar níos mó ná cead taiscéalaíochta amháin a dheonú don limistéar céanna do dhaoine nó cuideachtaí difriúla (ní gá go mbeadh an cineál sin ceadúnais eisiach). Chun mianraí a shaothrú, tá údarú (*concessione*, Airteagal 14) ón údarás réigiúnach ina cheanglas (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 8675, 883).
	I ndáil le hInfheistíocht: In BE: Tá taiscéalaíocht acmhainní mianra agus acmhainní neamhbheo eile in uiscí críche agus ar an scairbh ilchríochach agus saothrú na n-acmhainní sin faoi réir lamháltais. Is gá don lamháltóir seoladh le haghaidh seirbheála a bheith aige in BE (ISIC 14). In FI: I gcás mianadóireacht ábhair núicléach, féadfaidh údarú a bheith faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: tairbhí foriomlána eacnamaíocha agus sóisialta (ISIC Rev. 3.1 120). In NL: Taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón in NL, is gníomhaíochtaí iad i gcónaí a dhéanann cuideachta phríobháideach i gcomhpháirt leis an gcuideachta phoiblí (theoranta) a ndéanfaidh an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha í a ainmniú. Sonraítear in Airteagail 81 agus 82 den Acht Mianadóireachta gur gá gach scair sa chuideachta shainithe sin a bheith faoi sheilbh dhíreach nó indíreach Stát na hÍsiltíre (ISIC Rev. 3.1 10, 3.1 11, 3.1 12, 3.1 13, 3.1 14).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(b) Seirbhísí fuinnimh – ginearálta (ISIC 40, CPC 613, 7131, 7139, 742, 7422, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BE, EE, BG, FR agus LT: Ceann ar bith. In FR: Neamhcheangailte i ndáil le córais tarchurtha leictreachais agus gáis agus iompar ola agus gáis trí phíblíne (CPC 7131). In BE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí dáilte fuinnimh, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (CPC 887 seachas seirbhísí sainchomhairleoireachta). In BE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí traiseolta fuinnimh, maidir leis na cineálacha eintiteas dlítheanach agus maidir le láimhseáil oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh (ISIC 4010, CPC 71310). In BG: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (cuid de CPC 88). I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In LT: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar breoslaí trí phíblíne agus seirbhísí cúnta iompair earraí seachas breosla trí phíbline.
(c) Leictreachas (ISIC 40, 4010; CPC 62279, 887 (cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT, BG, CZ, FI, FR, LT, MT, NL agus SK: Ceann ar bith. In AT, BG: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh leictreachais, seirbhísí dáilte fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (ISIC 4010, CPC 887, cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In CZ: Tá cearta eisiacha ann maidir le ceadúnais tarchurtha leictreachais agus gáis agus maidir le ceadúnais oibreora margaidh (ISIC 40, CPC 7131, 63297, 742, 887). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le hallmhairiú leictreachais. Neamhcheangailte i ndáil le trádáil trasteorann a bhaineann le mórdhíol agus miondíol leictreachais. Neamhcheangailte i ndáil le gréasáin agus córais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais (ISIC 4010, CPC 62279, 887, cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In FR: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh leictreachais (ISIC 4010). In FR: Neamhcheangailte i ndáil le tarchur agus dáileadh leictreachais (ISIC 4010, CPC 887). In LT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí mórdhíola agus miondíola agus trádáil leictreachais a thagann as foinsí núicléacha nach bhfuil sábháilte. In SK: I gcás táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, mórdhíol agus miondíol leictreachais, agus seirbhísí gaolmhara a bhaineann le héifeachtacht fuinnimh, coigilteas fuinnimh agus iniúchadh fuinnimh. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta (ISIC 4010, CPC 62279, 887).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
	I ndáil le hInfheistíocht: In MT: Tá monaplacht um sholáthar leictreachais ag EneMalta plc (ISIC 4010; CPC 887). In NL: Neamhcheangailte i ndáil le húinéireacht an líonra leictreachais, a dheonaítear go heisiach do rialtas na hÍsiltíre (córais tarchurtha) agus d'údaráis phoiblí eile (córais dáileacháin) (ISIC 4010, CPC 887).
(d) Breoslaí, táirgí gáis, amhola nó peitriliam (ISIC 232, 4020; CPC 62271, 63297, 713, 742, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT, BG, CZ, DK, FI, FR, HU, NL agus SK: Ceann ar bith. In AT: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar gáis agus earraí seachas gás agus uisce (CPC 713). In BG: Neamhcheangailte i ndáil le hiompar trí phíblíne, stóráil agus trádstóráil peitriliam agus gáis nádúrtha, lena n-áirítear tarchur idirthurais (ISIC 4020, CPC 7131, cuid de CPC 742). In CZ: Neamhcheangailte i ndáil le giniúint, tarchur, dáileadh, stóráil agus trádáil gáis (ISIC 2320, 4020, CPC 7131, 63297, 742, 887). In DK: An t-úinéir nó an t-úsáideoir a bhfuil sé ar intinn aige píblíne a bhunú ar mhaithe le peitriliam agus táirgí peitriliam a iompar, idir amh agus scagtha, agus gás nádúrtha a iompar, ní mór dó ceadúnas a fháil ón údarás áitiúil sula gcuirfidh sé tús leis an obair. Féadfaidh an líon ceadúnas a bheith teoranta (CPC 7131). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le líonra agus córais tarchurtha agus dáileacháin gáis. Srianta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh allmhairiú gáis nádúrtha (ISIC 4020, CPC 887, cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta). In FR: Ní fhéadfaidh ach amháin cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíochta eile san earnáil phoiblí nó i seilbh ENGIE, a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córas tarchurtha nó dáileacháin gáis ar chúiseanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta fuinnimh (ISIC 4020, CPC 887). In HU: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar iompair trí phíblíne. Bunaíocht ina ceanglas. Féadfar seirbhísí a sholáthar freisin trí Chonradh Lamháltais arna dheonú ag an Stát nó ag an údarás áitiúil. Tá soláthar na seirbhíse sin á rialú ag Dlí Lamháltais na hUngáire (CPC 7131). In NL: Neamhcheangailte i ndáil le húinéireacht an líonra leictreachais agus an líonra píblíne gáis; deonaítear í go heisiach do rialtas na hÍsiltíre (córais tarchurtha) agus d'údaráis phoiblí eile (córais dáileacháin) (ISIC 40, CPC 71310). In SK: Tá údarú ina cheanglas maidir le monarú gáis agus dáileadh breoslaí gásacha agus maidir le hiompar breoslaí trí phíblíne. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta. (ISIC 4020, CPC 62271, 63297, 7131, 742 agus 887).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
(e) Núicléach (ISIC 12, 2330, cuid de 4010, CPC 887)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de AT, BE, BG, DE, FI, FR, HU agus SE: Ceann ar bith. In AT agus FI: Neamhcheangailte i ndáil le hábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil, a dháileadh nó a iompar agus i ndáil le fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh. In DE: Neamhcheangailte i ndáil le hábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus i ndáil le fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh. In BE: Neamhcheangailte i ndáil le hábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus i ndáil le fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.
	I ndáil le hInfheistíocht: In BG: Neamhcheangailte i ndáil le próiseáil ábhar ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na n-ábhar as a ndíorthaítear iad, agus maidir leis an trádáil iontu, maidir le cothabháil agus deisiú trealaimh agus córas i saoráidí le haghaidh táirgeadh fuinnimh núicléach, maidir le hiompar na n-ábhar sin agus ábhar bruscair agus dramhaíola óna bpróiseáil, maidir le húsáid radaíochta ianúcháin, agus gach seirbhís eile a bhaineann le húsáid fuinnimh núicléach le haghaidh cuspóirí síochánta (lena n-áirítear seirbhísí innealtóireachta agus sainchomhairleoireachta agus seirbhísí a bhaineann le bogearraí, etc.). In FR: Neamhcheangailte i ndáil le hábhar núicléach á mhonarú, á tháirgeadh, á phróiseáil, á ghiniúint, á dháileadh nó á iompar, a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí i gComhaontú Euratom. In HU agus SE: Neamhcheangailte i ndáil le breosla núicléach a phróiseáil agus leictreachas núicléach-bhunaithe a ghiniúint. (ISIC 2330, cuid de 4010).
(f) Soláthar gaile agus uisce the (ISIC 4030, CPC 62271, 887)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de BG, FI agus SK: Ceann ar bith. In BG: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh agus dáileadh teasa (ISIC 4030, CPC 887). In SK: Tá údarú ina cheanglas le haghaidh táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the, mórdhíol agus miondíol gaile agus uisce the, agus seirbhísí gaolmhara a bhaineann le dáileadh fuinnimh. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta.
	I ndáil le hInfheistíocht: In FI: Srianta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the (ISIC 40, CPC 7131). In FI: Neamhcheangailte i ndáil le líonraí agus córais tarchurtha agus dáileacháin gaile agus uisce the (ISIC 4030, CPC 7131, cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

Earnáil nó Fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
III-AE-19 – Seirbhísí eile nach bhfuil san áireamh in áiteanna eile	
(a) Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta CPC 9703	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de CY, DE, FI, PT, SE agus SI: Ceann ar bith. In DE, FI, PT, SE agus SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta.
(b) Seirbhísí eile a bhaineann le gnó (cuid de CPC 612, cuid de CPC 621, cuid de CPC 625, cuid de 85990)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: In AE, cé is moite de CZ, LT agus FI, i ndáil le seirbhísí eile a bhaineann le gnó (cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de 625, cuid de 85990): Ceann ar bith. I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí: In CZ: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ceant (cuid de CPC 612, cuid de CPC 621, cuid de CPC 625, cuid de 85990). In LT: Neamhcheangailte i ndáil leis an eintiteas atá údaraithe ag an rialtas le cearta eisiacha a bheith aige chun na seirbhísí seo a leanas a sholáthar: tarchur sonraí trí líonraí slána stáit um tharchur sonraí. In FI: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar trasteorann seirbhísí ríomh-shainaitheantais.
(c) Seirbhísí nua	In AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí nua a sholáthar seachas na seirbhísí sin a aicmítear in CPC.

Foscríbhinn 17-C-2

SCEIDEAL NA SILE

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Uimh. 1 Gach earnáil	
(a) Cuideachta Stáit	Le linn d'aon leas i stoc nó sócmhainn arna sealbhú i bhfiontar stáit atá ann cheana nó in eintiteas rialtais a bheith á haistriú nó á diúscairt, forchoimeádann an tSile an ceart chun srianta a fhorchur ar úinéireacht an leasa nó sócmhainne sin agus ar cheart infheisteoirí nó a n-infheistíochtaí smacht a fháil ar aon chuideachta Stáit a cruthaíodh ar an gcaoi sin nó infheistíochtaí arna ndéanamh ag an gcuideachta sin. Ciallaíonn 'cuideachta Stáit' cuideachta faoi úinéireacht na Sile nó atá á rialú aici trí bhíthin sciar leasa in úinéireacht na cuideachta, agus áireofar le cuideachta Stáit aon chuideachta a bhunófar tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, chun a sciar leasa i gcaipiteal nó i sócmhainní fiontair stáit atá ann cheana nó eintiteas rialtais a dhíol nó a dhiúscairt, agus chun na críche sin amháin.
(b) Fóntais phoiblí	Tá fóntais phoiblí ann in earnálacha amhail seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla, seirbhísí taighde agus forbartha maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí sláinte, seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta do gach modh iompair. Is minic a dheonaítear cearta eisiacha i leith na seirbhísí sin d'oibreoirí príobháideacha, mar shampla, oibreoirí a bhfuil lamháltais acu ó údaráis phoiblí, faoi réir oibleagáidí sonracha maidir le seirbhísí. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir leis an teileachumarsáid ná le seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.
(c) Réadmhaoin a éadáil	Sa tSile, neamhcheangailte i ndáil le héadáil 'talún Stáit', 'an crios talún teorann' agus aon talamh laistigh de chúig chiliméadar ón gcósta a n-úsáidtear é le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta mar a thugtar le fios in Iarscríbhinní 17-A agus 17-B. Aon duine nádúrtha Sileach nó duine a chónaíonn sa tSile nó duine dlítheanach Sileach, beidh sé in ann tailte a éadáil agus a rialú, a n-úsáidtear iad le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta. Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le húinéireacht nó rialú na dtailte sin.
(d) Láithreacht tráchtála	Níl feidhm ag an sceideal seo maidir le hoifigí ionadaíocha.
(e) Pobail dhúchasacha	Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le pobail dhúchasacha.
(f) Mionlaigh faoi mhíbhuntáiste	Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cearta nó tosaíochtaí do mhionlaigh atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Uimh. 2 Monaraíocht	
Monaraíocht gan seirbhísí san áireamh (ISIC Rev. 3.1 15, 17, 18, 19, 20, 21, 26, 27, 28, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, seachas 16, 22, 24, 25, 29, 37)	Ceann ar bith.
Monaraíocht (ISIC Rev. 3.1 Rannán 16: Monarú táirgí tobac)	Neamhcheangailte.
Monaraíocht (ISIC Rev. 3.1 Rannán 22: Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta)	Ceann ar bith, seachas: 222 Priontáil agus gníomhaíochtaí seirbhíse a bhaineann le priontáil: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí seirbhíse a bhaineann le priontáil.
Monaraíocht (ISIC Rev. 3.1 Rannán 24: Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha)	I gcás cineálacha sonracha eintiteas dlítheanach chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an méid seo a leanas: 241 Monarú ceimiceán bunúsach; agus 242 Monarú táirgí ceimiceacha eile.
Monaraíocht (ISIC Rev. 3.1 Rannán 25: Monarú rubair agus táirgí plaisteacha)	I gcás cineálacha sonracha eintiteas dlítheanach chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an méid seo a leanas: 251 Monarú táirgí rubair; agus 252 Monarú táirgí plaisteacha.
Monaraíocht (ISIC Rev. 3.1 Rannán 29: Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile)	Ceann ar bith, seachas: 2927 Monarú arm agus armlóin: Neamhcheangailte.
Monaraíocht (ISIC Rev. 3.1 Rannán 31: Monarú innealra agus fearais leictrigh nach n-aicmítear in áit ar bith eile)	I gcás cineálacha sonracha eintiteas dlítheanach chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an méid seo a leanas: 311 Monarú mótar leictreach, gineadóirí leictreacha agus claochladán leictreach; agus 314 Monarú ceall stórais, ceall príomhúil agus ceallraí príomhúla.
Monaraíocht (ISIC Rev. 3.1 Rannán 37: Athchúrsáil)	I gcás cineálacha sonracha eintiteas dlítheanach chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar an méid seo a leanas: 371 Athchúrsáil draimh agus bruscair miotail; agus 372 Athchúrsáil draimh agus bruscair neamh-mhiotail.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Uimh. 3 Mianadóireacht agus cairéalú	
Mianadóireacht agus cairéalú, gan seirbhísí san áireamh (ISIC Rev. 3.1 10, 11, 12, 13, 14)	Neamhcheangailte i ndáil le: Rannán 11 Eastóscadh amhola agus gáis nádúrtha; gníomhaíochtaí seirbhíse a bhaineann le heastóscadh amhola agus gáis nádúrtha; agus Rannán 12 Mianadóireacht méine tóiriam. Eastóscadh, saothrú, agus cóireáil (*beneficio*) litiam, leachta nó hidreacarbón gásach, fosuithe d'aon chineál in uiscí farraige atá faoi réir dlínse náisiúnta, agus fosuithe d'aon chineál atá suite ina n-iomláine, nó a bhfuil cuid díobh suite, i limistéir a aicmítear mar limistéir a bhfuil tábhacht leo don tslándáil náisiúnta agus ina bhfuil éifeachtaí mianadóireachta, rud is féidir a cháiliú le dlí amháin, féadfaidh na nithe sin uile a bheith ina n-ábhair lamháltas riaracháin nó sainchonarthaí oibriúcháin, faoi réir ceanglais agus coinníollacha atá le cinneadh i ngach cás le hArd-Fhoraithne. Thairis sin, is é Coimisiún na Sile um Fhuinneamh Núicléach (*Comisión Chilena de Energía Nuclear*) amháin, nó páirtithe arna n-údarú ag an gCoimisiún sin, a fhéadfaidh gníomhartha dlíthiúla a fhorghníomhú, nó dul ina mbun, maidir le hábhair adamhacha nádúrtha eastósctha agus litiam eastósctha, mar aon lena dtiúcháin, a ndíorthaigh agus a gcomhdhúile.
Uimh. 4 Talmhaíocht	
Talmhaíocht agus fiach, gan seirbhísí san áireamh (ISIC Rev. 3.1 A 01)	Ceann ar bith.
Foraoiseacht, gan seirbhísí san áireamh (ISIC Rev. 3.1 A 02)	Ceann ar bith. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá plean bainistíochta, arna fhormheas ag an gCoimisiún Foraoiseachta (*Corporación Nacional Forestal*), ina cheanglas.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Uimh. 5 Fuinneamh	
Giniúint agus dáileadh leictreachais, gan seirbhísí san áireamh (ISIC Rev. 3.1 E 40, 401, 4010)	(a) Ceann ar bith, seachas táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais le haghaidh an Chórais Leictreachais Náisiúnta (*Sistema Eléctrico Nacional*). Beidh feidhm ag na srianta seo a leanas: Ní fhéadfar ach cineál sonrach corparáide, corparáid oscailte nó corparáid dhúnta (*sociedad anónima abierta o cerrada*), atá corpraithe sa tSile a údarú chun lamháltais a oibriú i dtaca le dáileadh fuinnimh. Ní mór dáileadh fuinnimh a bheith mar réim ghnó eisiach na corparáide sin. Ní fhéadfar ach cineál sonrach corparáide, corparáid oscailte nó corparáid dhúnta (*sociedad anónima abierta o cerrada*), atá corpraithe sa tSile a údarú chun lamháltais a oibriú i dtaca le traiseoladh fuinnimh le haghaidh an Chórais Traiseolta Náisiúnta (*Sistema Interconectado Central*). Ní mór traiseoladh fuinnimh a bheith mar réim ghnó eisiach na corparáide sin. Féadfar táirgeadh fuinnimh hidrileictreach a shaothrú trí lamháltais. Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha arna mbunú i gcomhréir le dlí na Sile iarratas a dhéanamh ar lamháltais den chineál sin agus ar thairiscintí poiblí chun lamháltais den chineál sin a fháil. Taiscéalaíocht nó saothrú fuinnimh geoiteirmigh, tá sé sin faoi réir lamháltas. Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha arna mbunú i gcomhréir le dlí na Sile iarratas a dhéanamh ar lamháltais den chineál sin agus ar thairiscintí poiblí chun lamháltais den chineál sin a fháil. Ní fhéadfaidh ach Coimisiún na Sile um Fhuinneamh Adamhach fuinneamh núicléach a tháirgeadh chun críoch síochánta nó, faoi réir údarú ón gCoimisiún, i gcomhar le tríú páirtithe. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil sé inmholta an t-údarú sin a dheonú, leagfaidh sé síos freisin na téarmaí agus na coinníollacha maidir le hoibriú. (b) Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí bróicéirí nó gníomhairí cumhachta leictrí a eagraíonn díol leictreachais trí chórais dáilte cumhachta arna n-oibriú ag daoine eile.
Uimh. 6 Iascaireacht	
Iascaireacht, oibriú gorlann éisc agus feirmeacha éisc, gan seirbhísí san áireamh (ISIC Rev. 3.1 B 05)	Neamhcheangailte.
Uimh. 7 Seirbhísí	
Seirbhísí dlí (cuid de CPC 861)	I ndáil le hInfheistíocht agus Trádáil trasteorann i seirbhísí: (1) agus (3): Ceann ar bith, seachas i gcás glacadóirí i bhféimheacht (*síndicos de quiebra*), nach mór údarú cuí a bheith faighte acu ón Aire Dlí (*Ministerio de Justicia*), agus ní fhéadfaidh na glacadóirí sin oibriú ach amháin san áit ina bhfuil cónaí orthu. (2): Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta (CPC 86211)	(1) agus (3): Ceann ar bith, seachas nach mór d'iniúchóirí seachtracha institiúidí airgeadais a bheith cláraithe i gClár Iniúchóirí Seachtracha Mhaoirseoir na mBanc agus na nInstitiúidí Airgeadais (*Superintendencia de Bancos e Instituciones Financieras*) agus le Maoirseoir na nUrrús agus an Árachais (*Superintendencia de Valores y Seguros*). Ní fhéadfaidh ach gnóthais atá corpraithe sa tSile de réir dlí mar chomhpháirtíochtaí (*sociedades de personas*) nó mar chomhlachais (*asociaciones*), arb iad seirbhísí iniúchóireachta a bpríomhréim ghnó, a bheith cláraithe ar an gClár. (2): Ceann ar bith.
Seirbhísí comhairleacha cánachais (CPC 863)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí talmhaíochta (CPC 8671)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí innealtóireachta (CPC 8672)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 86733)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8674)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí tréidliachta (CPC 932)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine (cuid de CPC 93191)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí a bhaineann le ríomhaireacht (CPC 841, 842, 843, 844 agus 845)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí idirdhisciplíneacha taighde agus forbartha, seirbhísí taighde agus forbartha i dtaca leis na heolaíochtaí nádúrtha, agus seirbhísí sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla gaolmhara (cuid de CPC 851, cuid de CPC 853 agus cuid de CPC 86751)	(1) agus (3): Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Aon taiscéalaíocht de chineál eolaíoch nó teicniúil, nó a bhaineann le dreapadóireacht sléibhte (*andinismo*), a bhfuil sé ar intinn ag daoine dlítheanacha nó nádúrtha í a dhéanamh i limistéir theorann, ní mór don Stiúrthóireacht Teorann agus Imeallchríoch (*Dirección de Fronteras y Límites del Estado*) an taiscéalaíocht sin a údarú agus a mhaoirsiú. Féadfaidh an Stiúrthóireacht Teorann agus Imeallchríoch a ordú go gcuirfí san áireamh sa turas taiscéalaíochta ionadaí amháin ar a laghad a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí Sileacha ábhartha. Ghlacfadh na hionadaithe sin páirt sna staidéir agus d'fhoghlaimeoidís fúthu agus faoina raon feidhme. (2): Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí taighde agus forbartha maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí (CPC 852)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí réadmhaoine: lena mbaineann réadmhaoin faoi úinéireacht nó léasaithe ar bhonn táille nó conartha (CPC 821 agus 822)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí cíosa/léasaithe gan chriú/gan oibreoirí, a bhaineann le soithí, trealamh iompair eile, agus a bhaineann le hinnealra agus trealamh eile (CPC 8310, seachas 83104)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí léasaithe nó cíosa maidir le haerárthaigh (gan oibreoir) (CPC 83104)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 864)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta (CPC 866, seachas 86602)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht (CPC 881)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht (CPC 883)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Socrú agus soláthar seirbhísí le haghaidh pearsanra (CPC 87201, 87202, 87203)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí imscrúdaithe agus slándála (CPC 87302, 87303, 87304 agus 87305)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú trealaimh, seachas soithí muirí, aerárthaí agus trealamh iompair eile (CPC 633)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí glantacháin foirgneamh (CPC 874)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí grianghrafadóireachta (CPC 875)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí pacáistithe (CPC 876)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa, seirbhísí gníomhaireachta bailithe (CPC 87901, 87902)	(1), (2) agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí freagartha teileafóin (CPC 87903)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí dúblála (CPC 87904)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith, ach ní fhéadfaidh ach aistritheoirí oifigiúla arna gclárú faoi údaráis na Sile aistriúcháin oifigiúla, deimhnithe oifigiúla ar aistriúcháin, agus cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid oifigiúla i dteangacha eachtracha a sholáthar.
Seirbhísí tiomsaithe liosta seoltaí agus poist (CPC 87906)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí deartha speisialtachta (CPC 87907)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí gnó eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (CPC 87909)	(1), (2) agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí priontála agus foilsitheoireachta (CPC 88442)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí coinbhinsiúin (CPC 87909)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí poist (CPC 7511)	(1), (2) agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí cúiréireachta (CPC 7512) Seirbhísí a bhaineann le láimhseáil [1] ítimí poist [2] de réir an liosta fo-earnálacha seo a leanas, bíodh ceann scríbe intíre nó ceann scríbe eachtrach acu: (i) láimhseáil teachtaireachtaí i scríbhinn, agus seoladh leo, ar mheán fisiciúil d'aon chineál [3], lena n-áirítear — seirbhís poist hibrideach, agus — post díreach; (ii) láimhseáil beart agus pacáistí a bhfuil seoladh orthu [4]; (iii) láimhseáil táirgí preasa a bhfuil seoladh orthu [5]; (iv) láimhseáil míreanna dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas mar phost cláraithe nó post faoi árachas; (v) seirbhísí mearsheachadta [6] le haghaidh ítimí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas; (vi) láimhseáil míreanna nach bhfuil seoladh orthu; agus (vii) seirbhísí eile nach sonraítear aon áit eile.	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Go bhféadfaidh Stát na Sile, faoi *Decreto Supremo Nº 5037* an 4 Samhain 1960 ón Aireacht Gnóthaí Inmheánacha (*Ministerio del Interior*) agus *Decreto con Fuerza de Ley Nº 10* an 30 Eanáir 1982 ón Aireacht Iompair agus Teileachumarsáide (*Ministerio de Transporte y Telecomunicaciones*) nó na foraitheanta ina dhiaidh, go bhféadfaidh sé monaplacht a fheidhmiú, trí *Empresa de Correos de Chile*, ar chead isteach, iompar agus seachadadh ítimí poist (*objetos de correspondencia*). Ciallaíonn 'mír poist': litreacha, cártaí poist simplí agus cártaí poist a bhfuil a bpostas íoctha, nuachtáin ghnó, nuachtlitreacha agus ábhair chlóite de gach cineál, lena n-áirítear ábhar clóite in *braille*, samplaí d'earraí ar díol, beartáin bheaga suas le cileagram amháin agus seirbhísí poist speisialta a bhaineann le taifeadadh agus seachadadh teachtaireachtaí fuaime (*fonos postales*).
Seirbhísí teileachumarsáide fad-achair idirnáisiúnta	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí teileachumarsáide bunúsacha áitiúla, seirbhísí teileachumarsáide meánleibhéil, seirbhísí teileachumarsáide forlíontacha, agus seirbhísí teileachumarsáide teoranta	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.

(1) Leis an téarma 'láimhseáil', ba cheart cead isteach (*admisión*), iompar (*transporte*) agus seachadadh (*entrega*) a bheith san áireamh.
(2) Tagraíonn 'ítim phoist' d'ítimí a láimhseáiltear trí aon chineál oibreora tráchtála, bíodh sé ina oibreoir poiblí nó príobháideach.
(3) e.g. litreacha agus cártaí poist.
(4) Tá leabhair agus catalóga san áireamh faoi seo.
(5) Irisí, nuachtáin agus tréimhseacháin.
(6) Féadfaidh a bheith san áireamh le 'seirbhísí mearsheachadta', anuas ar luas agus iontaofacht mhéadaithe, eilimintí a bhfuil luach breise ag gabháil leo, amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú táirge, an deis chun an ceann scríbe nó an seoladh a athrú agus an mhír ar an mbealach, nó deimhniú fála.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí foirgníochta (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí gníomhairí coimisiúin (CPC 621)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí trádála mórdhíola (CPC 622, 61111, 6113 agus 6121)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí miondíola (CPC 632, 61111, 6113 agus 6121)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Saincheadú (CPC 8929)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí comhshaoil (CPC 940)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí sainchomhairleoireachta.
Seirbhísí oideachais (CPC 92)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí sláinte – seirbhísí ospidéil, otharchairr agus sláinte cónaithe (CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Óstáin agus bialanna, lena n-áirítear lónadóireacht (CPC 641, 642 agus 643)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (CPC 74710)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí Treoraithe Turasóireachta (CPC 74720)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Leabharlanna, cartlanna, músaeim agus seirbhísí cultúrtha eile (CPC 963)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí siamsaíochta, amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619, 964 seachas 96492)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí gníomhaireachta nuachta (CPC 962)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí Spóirt agus Seirbhísí Áineasa Eile (CPC 9641)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith, seachas go bhféadfadh cineál sonrach eintitis dhlítheanaigh a bheith ina cheanglas le haghaidh eagraíochtaí spóirt a fhorbraíonn gníomhaíochtaí gairmiúla. Ina theannta sin, ar bhonn cóireála náisiúnta: (a) níl cead a bheith rannpháirteach i dteannta níos mó ná foireann amháin sa chatagóir chéanna de chomórtas spóirt; (b) féadfar rialacháin shonracha a bhunú maidir le húinéireacht cothromais i gcuideachtaí spóirt; agus (c) féadfar íoscheanglas maidir le caipiteal a fhorchur.
Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta (CPC 96492)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí áineasa eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (CPC 96499)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí iompair mhuirí (CPC 721)	(1) agus (2): Ceann ar bith.
Iompar paisinéirí (CPC 7211)	(3): (a) Cuideachta chláraithe a bhunú chun cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta na Sile: Neamhcheangailte. (b) Foirmeacha eile láithreachta tráchtála chun seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a sholáthar ([1]): Ceann ar bith.
Iompar lasta (CPC 7212)	
Soithí a fháil ar cíos/a léasú, criú san áireamh (CPC 7223)	
Cothabháil agus deisiú soithí (CPC 8868)	
Seirbhísí brú nó tarraingthe (CPC 72140)	
Seirbhísí tacaíochta a bhaineann le hiompar muirí (CPC 745)	
Seirbhísí brú nó tarraingthe (CPC 741)	
Seirbhísí stórála agus trádstórais (CPC 742)	
Iompar d'uiscebhealaí inmheánacha (CPC 722)	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród	(1), (2), agus (3): Neamhcheangailte.
Seirbhísí iompair de bhóthar: Iompar lasta (CPC 7123)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.

([1]) Ciallaíonn 'Foirmeacha eile láithreachta tráchtála chun seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a sholáthar' an cumas atá ag soláthróirí seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a bhaineann leis an bPáirtí eile gach gníomhaíocht a dhéanamh go háitiúil a bhfuil gá léi chun seirbhís iompair, agus í comhtháthaithe go páirteach nó go hiomlán, a sholáthar dá gcustaiméirí, ar seirbhís í a bhfuil an t-iompar muirí ina ghné shubstaintiúil di. Ní thuigfear an gealltanas sin, áfach, mar ghealltanas lena srianfar ar aon bhealach na gealltanais a dhéantar faoin modh seachadta trasteorann.
Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, na gníomhaíochtaí seo a leanas:
(a) margú agus díol seirbhísí iompair mhuirí agus na seirbhísí gaolmhara trí theagmháil dhíreach leis na custaiméirí, ó mheastacháin go sonraisc, seirbhísí arna n-oibriú nó arna dtairiscint ag an soláthróir seirbhíse féin nó ag soláthróirí seirbhíse ag a bhfuil socruithe seasta gnó curtha ar bun leis an díoltóir seirbhíse;
(b) éadáil, ar a gcuntas féin nó thar ceann a gcustaiméirí (agus athdhíol lena gcustaiméirí) aon seirbhíse iompair nó seirbhíse gaolmhaire, lena n-áirítear seirbhísí iompair isteach trí aon mhodh, go hairithe uiscebhealaí intíre, bóthar agus iarnród, ar seirbhís í a bhfuil gá léi chun na seirbhísí comhtháite a sholáthar;
(c) ullmhú doiciméadachta a bhaineann le doiciméid iompair, doiciméid chustaim, nó doiciméid eile a bhaineann le tionscnamh agus carachtar na n-earraí atá á n-iompar;
(d) soláthar faisnéise gnó trí aon mhodh, lena n-áirítear faisnéis ríomhairithe agus idirmhalartú leictreonach sonraí (faoi réir an Chomhaontaithe seo);
(e) aon socrú gnó a chur ar bun (lena n-áirítear rannpháirtíocht i stoc cuideachta) agus ceapadh pearsanra a earcaítear go háitiúil (nó, i gcás pearsanra eachtrach, faoi réir an ghealltanais chothrománaigh maidir le gluaiseacht pearsanra), trí aon ghníomhaireacht loingseoireachta atá bunaithe go háitiúil; agus
(f) gníomhú thar ceann na gcuideachtaí, agus glao na loinge a eagrú nó lastaí a thógáil ar láimh nuair is gá.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Seirbhísí iompair de bhóthar: Feithiclí tráchtála ar cíos, le hoibreoir (CPC 71222 – Seirbhísí cíosa gluaisteán paisinéirí le hoibreoir)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí iompair de bhóthar: Cothabháil agus deisiú trealaimh iompair de bhóthar (CPC 6112 – Seirbhísí cothabhála agus deisithe mótarfheithiclí)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí iompair de bhóthar: Seirbhísí tacaíochta le haghaidh seirbhísí iompair de bhóthar (CPC 7441 – Seirbhísí stáisiúin bus)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí cúnta do gach modh iompair: Seirbhísí láimhseála lasta (CPC 741)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí cúnta do gach modh iompair: Seirbhísí stórála agus trádstórais (CPC 742)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí cúnta do gach modh iompair: Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta (CPC 748)	(1), (2), agus (3): Ceann ar bith.
Iompar de phíblíne: iompar breoslaí agus earraí eile (CPC 7131)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith, seachas nach mór an tseirbhís a bheith á soláthar ag daoine dlítheanacha arna mbunú faoi dhlí na Sile, agus go bhféadfaidh soláthar na seirbhíse a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn córa náisiúnta.
Seirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaí	(1): Neamhcheangailte. (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí córas áirithinte ar ríomhairí (CRS)	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Seirbhísí láimhseála ar an talamh	(1), (2) agus (3): Ceann ar bith.
Aersheirbhísí speisialtachta	(1), (2) agus (3): Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le Rochtain ar an Margadh
Spásiompar agus spásárthaí ar cíos	(1), (2) agus (3): Neamhcheangailte.

IARSCRÍBHINN 17-D

DÍSHEALBHÚ

Dearbhaíonn na Páirtithe a gcomhthuiscint faoin méid seo a leanas:

(a) féadfaidh díshealbhú faoi Airteagal 17.19 a bheith díreach nó indíreach agus:

(i) tarlaíonn díshealbhú díreach nuair a dhéantar infheistíocht a náisiúnú nó a dhíshealbhú go díreach ar shlí eile trí aistriú foirmiúil teidil nó trí urghabháil iomlán;

(ii) tarlaíonn díshealbhú indíreach má tá éifeacht ag beart nó sraith beart Páirtí atá coibhéiseach le díshealbhú díreach, sa mhéid go mbaineann sé na tréithe bunúsacha maoine ina infheistíocht den infheisteoir go substaintiúil, lena n-áirítear an ceart chun a infheistíocht a úsáid, a theachtadh agus a dhiúscairt, gan aistriú foirmiúil teidil ná urghabháil iomlán.

(b) Chun a chinneadh an díshealbhú indíreach é beart nó sraith beart Páirtí, i gcás sonrach, tá gá le fiosrúchán cás ar chás, agus é bunaithe ar fhíricí, ina ndéanfar an méid seo a leanas, i measc fachtóirí eile:

(i) tionchar eacnamaíoch birt nó sraithe beart Páirtí, cé nach leor drochthionchar a bheith á imirt ag beart nó sraith beart Páirtí ar luach eacnamaíoch infheistíochta chun a dheimhniú go bhfuil díshealbhú indíreach tar éis tarlú;

(ii) fad birt nó sraithe beart Páirtí; agus

(iii) cineál birt nó sraithe beart Páirtí, go háirithe a sprioc, a gcuspóir agus a gcomhthéacs.

(c) ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní díshealbhuithe indíreacha iad bearta neamh-idirdhealaitheacha Páirtí ar bearta iad a cheaptar agus a chuirtear i bhfeidhm chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar atá, sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas, sábháilteacht, an comhshaol, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, moráltacht phoiblí, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideachas agus cosaint sonraí, nó cur chun cinn agus cosaint na héagsúlachta cultúrtha, ach amháin i gcás ina bhfuil tionchar birt nó sraithe beart chomh géar sin i bhfianaise a chuspóra, gur róléir go bhfuil an tionchar sin iomarcach.

IARSCRÍBHINN 17-E

AISTRITHE - AN tSILE [1]

1. D'ainneoin Airteagal 17.20, forchoimeádann an tSile ceart Bhanc Ceannais na Sile (*Banco Central de Chile*) chun bearta a choinneáil ar bun nó a ghlacadh i gcomhréir le Dlí 18.840, Bundlí Bunreachtúil Bhanc Ceannais na Sile (*Ley 18.840, Ley Orgánica Constitucional del Banco Central de Chile*), Dlí Foraithne Uimh. 3 1997, an tAcht Baincéireachta Ginearálta (*Decreto con Fuerza de Ley Nº3 de 1997, Ley General de Bancos*) agus Dlí Uimh. 18.45, Dlí an Mhargaidh Urrús (*Ley de Mercado de Valores Nº18.045*), chun cobhsaíocht airgeadra agus gnáthoibriú íocaíochtaí intíre agus eachtracha a áirithiú. Áirítear ar na bearta sin, *inter alia*, bunú srianta nó teorainneacha le híocaíochtaí agus aistrithe atá á ndéanamh faoi láthair (gluaiseachtaí caipitil) isteach sa tSile nó amach uaithi, chomh maith le hidirbhearta a bhaineann leo, amhail ceangal a bheith ann go mbeadh taiscí, infheistíochtaí nó creidmheasanna ó thír eachtrach nó chuig tír eachtrach faoi réir ceanglas maidir le cúlchiste (*encaje*).

2. D'ainneoin mhír 1, an ceanglas maidir le cúlchiste a fhéadfaidh Banc Ceannas na Sile a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 49 Nº2 de Dhlí 18.840, ní fhéadfaidh an ceanglas sin 30 % den mhéid atá á aistriú a shárú agus ní dhéanfar é a fhorchur ar feadh tréimhse ar mó í ná 2 bhliain.

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le haistrithe a chumhdaítear le hAirteagal 17.20 agus le Caibidil 27.

IARSCRÍBHINN 17-F

COMHAONTUITHE IDIR BALLSTÁIT AGUS AN tSILE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 17.23

1. Comhaontú idir Aontas Eacnamaíochta na Beilge-Lucsamburg agus Poblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 15 Iúil 1992;
2. Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Seicia agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i bPrág an 24 Aibreán 1995;
3. Comhaontú idir Rialtas Ríocht na Danmhairge agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i gCóbanhávan an 28 Bealtaine 1993;
4. Conradh idir Poblacht na Sile agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí (*Vertrag zwischen der Bundesrepublik Deutschland und der Republik Chile über die Förderung und den gegenseitigen Schutz von Kapitalanlagen*), arna dhéanamh in Santiago na Sile an 21 Deireadh Fómhair 1991;
5. Comhaontú idir Rialtas na Poblachta Heilléanaí agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh san Aithin an 10 Iúil 1996;
6. Comhaontú idir Ríocht na Spáinne agus Poblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh in Santiago na Sile an 2 Deireadh Fómhair 1991;
7. Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Fraince agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i bPáras an 4 Iúil 1992;
8. Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Cróite agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh in Santiago na Sile an 28 Samhain 1994;
9. Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Sile agus Rialtas Phoblacht na hIodáile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh in Santiago na Sile an 8 Márta 1993;
10. Comhaontú idir Poblacht na hOstaire agus Poblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh in Santiago na Sile an 8 Meán Fómhair 1997;
11. Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Polainne agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i Várs an 5 Iúil 1995;
12. Comhaontú idir Poblacht na Portaingéile agus Poblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i Liospóin an 28 Aibreán 1995;
13. Comhaontú idir Rialtas na Rómáine agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i mBúcairist an 4 Iúil 1995;
14. Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Fionlainne agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i Heilsincí an 27 Bealtaine 1993;
15. Comhaontú idir Rialtas Ríocht na Sualainne agus Rialtas Phoblacht na Sile maidir le Cur Chun Cinn agus Cosaint Chómhalartach Infheistíochtaí, arna dhéanamh i Stócólm an 24 Bealtaine 1993.

IARSCRÍBHINN 17-G

FIACHAS POIBLÍ

1. Maidir le hathstruchtúrú fiachais Páirtí, aon éileamh go sáraíonn an t-athstruchtúrú sin oibleagáid faoi Roinn C de Chaibidil 17, ní dhéanfar an t-éileamh sin a chur isteach nó, má tá sé curtha isteach cheana féin, ní dhéanfar é a shaothrú faoi Roinn D den Chaibidil sin, más athstruchtúrú caibidlithe é an t-athstruchtúrú tráth a chuirtear isteach é nó má dhéantar athstruchtúrú caibidlithe de tar éis a chur isteach.

2. D'ainneoin Airteagal 17.30, agus faoi réir mhír 1 den Iarscríbhinn seo, ní fhéadfaidh infheisteoir den Pháirtí eile éileamh a chur isteach faoi Roinn D de Chaibidil 17 go sáraíonn athstruchtúrú fiachais Páirtí Airteagal 17.9 nó 17.11 ([1]) nó go sáraíonn sé oibleagáid faoi Roinn C de Chaibidil 17 mura mbeidh 270 lá caite ón dáta a chuir an t-éilitheoir an iarraidh i scríbhinn ar chomhairliúcháin isteach de bhun Airteagal 17.27.

3. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'athstruchtúrú caibidlithe' fiach Páirtí a athstruchtúrú nó a athsceidealú, agus baintear an t-athstruchtúrú amach trí (i) ionstraimí fiachais a mhodhnú nó a leasú, mar a fhoráiltear faoina dtéarmaí, lena n-áirítear an dlí lena rialaítear iad, nó (ii) malartú fiachais nó próiseas eile comhchosúil ina bhfuil sealbhóirí céatadáin nach lú ná 66 % den phríomhshuim chomhiomlán den fhiachas gan íoc, atá faoi réir athstruchtúraithe, gan fiachas san áireamh atá i seilbh an Pháirtí sin nó i seilbh eintiteas atá faoi úinéireacht an Pháirtí nó á rialú aige, tar éis an malartú fiachais nó próiseas eile sin a thoiliú;

(b) ciallaíonn 'dlí rialaithe ionstraime fiachais' an creat dlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le hionstraim fiachais.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le 'fiachas Páirtí', i gcás an Pháirtí AE, fiachas rialtais Ballstáit ar an leibhéal lárnach nó réigiúnach nó áitiúil.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní tharlaíonn sárú ar Airteagal 17.9 nó Airteagal 17.11 de bhua cóir éagsúil a thugann Páirtí do chatagóirí áirithe infheisteoirí nó infheistíochtaí ar fhorais tionchair mhaicreacnamaíoch dhifriúil, agus dá bhua sin amháin, mar shampla, chun rioscaí sistéamacha nó éifeachtaí iarmharta a sheachaint, nó ar fhorais incháilitheachta le haghaidh athstruchtúrú fiachais.

IARSCRÍBHINN 17-H

SÁSRA IDIRGHABHÁLA MAIDIR LE DÍOSPÓIDÍ IDIR INFHEISTEOIRÍ AGUS AN STÁT

1. An nós imeachta idirghabhála a thionscnamh

(a) Féadfaidh páirtí díospóideach a iarraidh, tráth ar bith, go gcuirfí tús le nós imeachta idirghabhála. Díreofar an iarraidh sin ar an bpáirtí díospóideach eile i scríbhinn. Má bhaineann an iarraidh le sárú líomhnaithe na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 17.25(1), arna dhéanamh ag údaráis an Pháirtí AE, agus murar cinneadh aon chosantóir de bhun Airteagal 17.28, díreofar an iarraidh sin ar an Aontas Eorpach. Má ghlactar leis an iarraidh, sonrófar sa fhreagairt cé acu an tAontas Eorpach nó an Ballstát lena mbaineann a bheidh ina pháirtí san idirghabháil ([1]).

(b) Tabharfaidh an páirtí díospóideach ar a mbeidh an iarraidh dírithe breithniú báúil don iarraidh, agus glacfaidh sé léi nó diúltóidh sé í i scríbhinn laistigh de 20 lá ón iarraidh a fháil.

2. Rialacha an nós imeachta idirghabhála

(a) Déanfaidh na páirtithe díospóideacha iarracht teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach laistigh de 90 lá ón dáta a cheapfar an t-idirghabhálaí. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú críochnaitheach, féadfaidh na páirtithe díospóideacha réitigh eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas.

(b) Réitigh a chomhaontófar go frithpháirteach, cuirfear ar fáil iad go poiblí. Sa leagan a nochtar don phobal, áfach, ní áireofar ann aon fhaisnéis atá ainmnithe ag páirtí díospóideach mar fhaisnéis rúnda nó chosanta.

3. Gaolmhaireacht le réiteach díospóidí

(a) An nós imeachta faoin sásra idirghabhála seo, níl sé ceaptha a bheith ina bhonn le nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná faoi aon chomhaontú eile. Ní bheidh páirtí díospóideach ag brath ar na nithe a leanas, ná ní thabharfaidh sé isteach mar fhianaise i nósanna imeachta um réiteach díospóidí den chineál sin iad, ná ní chuirfidh aon chomhlacht breithiúnach san áireamh na nithe seo a leanas:

   (i) seasaimh arna nglacadh ag páirtí díospóideach le linn an nós imeachta idirghabhála;

   (ii) gurb amhlaidh a léirigh páirtí díospóideach go bhfuil sé toilteanach glacadh le réiteach ar an mbeart, faoi réir idirghabhála; nó

   (iii) comhairle a thugann an t-idirghabhálaí nó tograí a dhéanann sé.

(b) Tá an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe agus na bpáirtithe díospóideacha faoi Roinn D de Chaibidil 17 agus faoi Chaibidil 38.

(c) Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, agus gan dochar d'Airteagal 17.27, beidh na céimeanna uile den nós imeachta rúnda, lena n-áirítear aon chomhairle nó réiteach molta. Féadfaidh gach Páirtí a nochtadh don phobal gurb amhlaidh atá idirghabháil ar bun.

([1]) Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, má bhaineann an iarraidh le sárú líomhnaithe arna dhéanamh ag an Aontas Eorpach, is é an tAontas Eorpach a bheidh ina pháirtí san idirghabháil, agus aon Bhallstát lena mbaineann, beidh sé comhlachaithe go hiomlán san idirghabháil. Má bhaineann an iarraidh go heisiach le sárú líomhnaithe arna dhéanamh ag Ballstát, is é an Ballstát lena mbaineann a bheidh ina pháirtí san idirghabháil, ach amháin má iarrann sé ar an Aontas Eorpach a bheith ina pháirtí.

IARSCRÍBHINN 17-I

CÓD IOMPAIR DO BHREITHIÚNA, DO CHOMHALTAÍ AGUS D'IDIRGHABHÁLAITHE

1. Raon feidhme

Baineann an Cód Iompair seo le Breithiúna, le Comhaltaí den Bhinse Achomhairc agus le hIarrthóirí, agus, *mutatis mutandis*, le hidirghabhálaithe, i gcomhréir le Roinn D de Chaibidil 17.

2. Sainmhínithe

Chun críocha an Chóid Iompair seo:

(a) ciallaíonn 'Iarrthóir' duine nádúrtha atá á mheas maidir lena cheapadh mar Bhreitheamh nó mar Chomhalta den Bhinse Achomhairc, ach nach bhfuil deimhnithe sa ról sin go fóill;

(b) ciallaíonn 'cumarsáid *ex parte*' aon chumarsáid a dhéanann Breitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc le páirtí díospóideach, lena abhcóide, lena chleamhnaí, lena fhoghnóthas nó le haon duine gaolmhar eile maidir le himeachtaí atá os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc, gan an méid sin a bheith ar eolas ag an bpáirtí díospóideach eile ná a abhcóide, ná iad a bheith i láthair;

(c) ciallaíonn 'Breitheamh' duine nádúrtha a ceapadh chuig an mBinse Céadchéime; agus

(d) ciallaíonn 'Comhalta den Bhinse Achomhairc' duine nádúrtha a ceapadh chuig an mBinse Achomhairc.

3. Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht

(a) Beidh na Breithiúna agus na Comhaltaí den Bhinse Achomhairc neamhspleách agus neamhchlaonta.

(b) Áirítear na hoibleagáidí seo a leanas faoi fhomhír (a):

(i) gan a bheith faoi thionchar dílseachta do pháirtí díospóideach ná d'aon duine nó eintiteas eile;

(ii) gan treoracha a ghlacadh ó aon rialtas ná eagraíocht ná duine maidir le haon ábhar a bhfuil aghaidh á tabhairt air in imeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc;

(iii) gan a bheith faoi thionchar aon chaidrimh airgeadais, ghnó, ghairmiúil nó phearsanta san am atá thart, san am i láthair nó sa todhchaí;

(iv) gan a dtionchar a úsáid chun aon leas airgeadais nó pearsanta a bhrú chun cinn a d'fhéadfadh a bheith acu i bpáirtí díospóideach ná i dtoradh imeachtaí atá os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc;

(v) gan aon fheidhm a thógáil orthu féin ná aon tairbhe a ghlacadh a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú i gcuid dualgas; nó

(vi) gan aon bheart a ghlacadh lena dtugtar le fios go bhfuil easpa neamhspleáchais nó neamhchlaontachta ann.

4. Teorainn le róil iomadúla

(a) Ní fheidhmeoidh Breitheamh ná Comhalta den Bhinse Achomhairc aon fheidhm pholaitiúil nó riaracháin. Ní ghabhfaidh Breitheamh ná Comhalta den Bhinse Achomhairc d'aon cheird eile de chineál gairmiúil nach bhfuil ag teacht le hoibleagáidí an neamhspleáchais nó na neamhchlaontachta, ná le héilimh na dtéarmaí oifige. Go sonrach, ní ghníomhóidh Breitheamh ná Comhalta den Bhinse Achomhairc mar abhcóide nó mar fhinné arna cheapadh ag Páirtí in imeacht eile, i gcomhréir le hAirteagal 17.36(1).

(b) Dearbhóidh Breitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc aon fheidhm nó ceird eile don Chomhchoiste agus d'Uachtarán an Bhinse nó d'Uachtarán an Bhinse Achomhairc, de réir mar is iomchuí. Aon cheist maidir le fomhír (a), is é Uachtarán an Bhinse nó Uachtarán an Bhinse Achomhairc a réiteoidh í.

(c) Iar-Bhreitheamh nó Iar-Chomhalta den Bhinse Achomhairc, ní ghlacfaidh sé páirt ar aon bhealach in aon imeachtaí atá os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc, i gcás inarb imeachtaí iad a bhí ar feitheamh le linn théarma oifige an Bhreithimh nó an Chomhalta sin.

(d) Iar-Bhreitheamh nó Iar-Chomhalta den Bhinse Achomhairc, ní ghníomhóidh sé mar abhcóide nó mar shaineolaí nó finné arna cheapadh ag páirtí in aon imeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc go ceann tréimhse 3 bliana tar éis dheireadh théarma oifige an Bhreithimh nó an Chomhalta sin.

5. Dualgas dúthrachta

Breitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc, feidhmeoidh sé dualgais na hoifige sin go dúthrachtach i gcomhréir le téarmaí na hoifige.

6. Ionracas agus inniúlacht

(a) Breitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc, déanfaidh sé an méid seo leanas:

(i) reáchtálfaidh sé na himeachtaí go cumasach agus i gcomhréir le caighdeáin arda ionracais, cothroime agus cúirtéise;

(ii) beidh an inniúlacht agus na scileanna is gá aige, agus déanfaidh sé gach iarracht réasúnach, chun an t-eolas, na scileanna agus na tréithe a bhfuil gá leo chun dualgais na hoifige sin a dhéanamh a choinneáil ar bun agus a fheabhsú; agus

(iii) ní dhéanfaidh sé feidhm na cinnteoireachta a tharmligean.

7. Cumarsáid *ex parte*

Ní cheadaítear cumarsáid *ex parte*, ach amháin má cheadaítear í leis na rialacha is infheidhme maidir le réiteach díospóidí.

8. Rúndacht

(a) Seachas i gcás ina gceadaítear é leis na rialacha is infheidhme maidir le réiteach díospóidí, ní dhéanfaidh Breitheamh, Comhalta den Bhinse Achomhairc ná Iar-Bhreitheamh nó Iar-Chomhalta den Bhinse Achomhairc an méid seo a leanas:

(i) ní nochtfaidh ná ní úsáidfidh sé aon fhaisnéis a bhaineann le himeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc, nó a fuarthas i dtaca leis an imeacht;

(ii) ní nochtfaidh sé aon dréachtchinneadh a ullmhaíodh in imeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc; nó

(iii) ní nochtfaidh sé ábhar an phlé a rinneadh in imeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc.

(b) Seachas i gcás ina gceadaítear é leis na rialacha is infheidhme maidir le réiteach díospóidí, ní déarfaidh Breitheamh ná Comhalta den Bhinse Achomhairc aon rud faoi chinneadh a thugtar in imeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc, ná ní déarfaidh Iar-Bhreitheamh nó Iar-Chomhalta den Bhinse Achomhairc aon rud faoi chinneadh a thugtar in imeachtaí os comhair an Bhinse nó an Bhinse Achomhairc go ceann tréimhse 3 bliana tar éis dheireadh théarma oifige an Bhreithimh nó an Chomhalta sin.

(c) Na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo, ní bheidh feidhm acu i gcás ina bhfuil iallach de réir dlí, nó a mhéid atá iallach de réir dlí, ar Bhreitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc, ná ar Iar-Bhreitheamh nó Iar-Chomhalta den Bhinse Achomhairc, an fhaisnéis a nochtadh i gcúirt nó comhlacht inniúil eile, nó i gcás nach mór dó an fhaisnéis sin a nochtadh chun cearta dlíthiúla an Bhreithimh nó an Chomhalta sin a chosaint nó a shaothrú, nó i ndáil le himeachtaí dlí os comhair cúirte nó comhlachta inniúil eile.

9. Oibleagáidí maidir le nochtadh

(a) Ní mór d'Iarrthóir agus Breitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc aon chúinse a nochtadh ar dócha go mbeadh amhrais inchosanta ann dá bharr i dtaobh neamhspleáchas nó neamhchlaontacht an Iarrthóra sin, an Bhreithimh sin nó an Chomhalta sin den Bhinse Achomhairc.

(b) Bíodh an méid seo ina cheanglas faoi fhomhír (a) nó ná bíodh, ní mór d'Iarrthóir gach imeacht a nochtadh a bhfuil páirt á glacadh aige ann nó a bhfuil páirt glactha aige ann le 5 bliana anuas mar eadránaí, abhcóide, saineolaí nó finné.

(c) Bíodh an méid seo ina cheanglas faoi fhomhír (a) nó ná bíodh, ní mór do Bhreitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh maidir le himeachtaí ina bhfuil breithniú á dhéanamh ag an mBreitheamh sin nó ag an gComhalta sin den Bhinse Achomhairc, nó ina bhfuil coinne leis go mbeidh breithniú á dhéanamh aige:

(i) aon chaidreamh airgeadais, gnó nó gairmiúil, nó aon dlúthchaidreamh pearsanta le 5 bliana anuas leis na daoine seo a leanas:

(A) páirtí díospóideach sna himeachtaí;

(B) abhcóide páirtí dhíospóidigh sna himeachtaí;

(C) saineolaí nó finné sna himeachtaí; nó

(D) aon duine nó eintiteas arna shainaithint ag páirtí díospóideach mar dhuine nó eintiteas atá gaolmhar, nó a bhfuil leas díreach nó indíreach aige i dtoradh na n-imeachtaí, lena n-áirítear maoinitheoir tríú páirtí; agus

(ii) aon leas airgeadais nó pearsanta sna nithe seo a leanas:

(A) toradh na n-imeachtaí;

(B) aon imeachtaí eile lena mbaineann an beart céanna; nó

(C) aon imeachtaí eile lena mbaineann páirtí díospóideach, nó duine nó eintiteas arna shainaithint ag páirtí díospóideach mar dhuine nó eintiteas atá gaolmhar.

(d) Chun críocha fhomhíreanna (a), (b) agus (c), déanfaidh Iarrthóir agus Breitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc gach iarracht réasúnach chun iad féin a chur ar an eolas faoi chúinsí nó faisnéis dá dtagraítear sna fomhíreanna sin.

(e) Ní mór d'Iarrthóir an nochtadh a dhéanamh don Chomhchoiste dá dtagraítear sa mhír seo sula ndearbhófar ceapachán an Iarrthóra sin mar Bhreitheamh nó mar Chomhalta den Bhinse Achomhairc.

(f) Ní mór do Bhreitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc an nochtadh a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le réiteach díospóidí, a luaithe a thugann an Breitheamh sin nó an Comhalta sin den Bhinse Achomhairc na cúinsí agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) go (c) faoi deara. Déanfar an nochtadh sin d'Uachtarán an Bhinse nó d'Uachtarán an Bhinse Achomhairc, de réir mar is iomchuí. Beidh dualgas leanúnach ar an mBreitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc tuilleadh nochtuithe a dhéanamh bunaithe ar chúinsí agus faisnéis nua nó nua-aimsithe.

(g) I gcás ina bhfuil aon amhras ar aon Iarrthóir, Breitheamh nó Comhalta den Bhinse Achomhairc faoi cé acu is ceart nó nach ceart nochtadh a dhéanamh, ní mór don Iarrthóir, don Bhreitheamh nó don Chomhalta den Bhinse Achomhairc a chinneadh, an nochtadh a dhéanamh.

(h) Neamhnochtadh ann féin, ní thugann sé le fios go bhfuil easpa neamhspleáchais nó neamhchlaontachta ann.

10. Comhlíonadh an Chóid

Tá comhlíonadh an Chóid seo faoi réir na rialacha i Roinn D de Chaibidil 17.

IARSCRÍBHINN 19-A

CUAIRTEOIRÍ GNÓ CHUN CRÍOCH BUNAÍOCHTA, AISTRITHE IONCHORPARÁIDEACHA, INFHEISTEOIRÍ AGUS CUAIRTEOIRÍ GNÓ GEARRTHÉARMACHA

1. Féadfar aon bheart neamh-chomhréireach a liostaítear san Iarscríbhinn seo a choinneáil ar bun, leanúint de, é a athnuachan go pras nó é a leasú, ar choinníoll nach laghdófar, leis an modhnú nó leasú, comhréireacht an bhirt le hAirteagail 19.3 agus 19.4, san fhoirm ina raibh sé díreach roimh an modhnú nó an leasú.

2. Níl feidhm ag Airteagail 19.3 agus 19.4 maidir le haon bheart neamh-chomhréireach a liostaítear san Iarscríbhinn seo, a mhéid atá siad neamh-chomhréireach.

3. I dteannta na mbeart neamh-chomhréireach a liostaítear san Iarscríbhinn seo, féadfaidh gach Páirtí beart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú i gcás nach teorannú é an beart sin de réir bhrí Airteagal 19.3 agus Airteagal 19.4. Féadfar a áireamh sna bearta sin an gá atá le ceadúnas a fháil, aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha amhail scrúduithe teanga, ceanglas ballraíochta i ngairm ar leith amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil a chomhlíonadh, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile a fhágann nach féidir gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó i limistéir chosanta. Cé nach liostaítear san Iarscríbhinn seo iad, tá feidhm ag na bearta sin fós.

4. Níl feidhm ag na sceidil i míreanna 7 agus 8 den Iarscríbhinn seo ach amháin maidir le críocha an Pháirtí AE agus na Sile i gcomhréir le hAirteagal 41.2, agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an Páirtí AE agus an tSile. Ní dhéanann na Sceidil sin difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le hoibleagáid an Pháirtí AE chun cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear an ceanglas maidir leis an gcóir chéanna a dheonaítear i mBallstát, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a leathnú chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid na Sile, ná maidir le haon bheart a ghlactar de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme i mBallstát, a leathnú chuig:

(a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí Ballstáit eile; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu sa Pháirtí AE.

6. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sna míreanna thíos:

AT An Ostair

BE An Bheilg

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

EL An Ghréig

ES An Spáinn

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI An Fhionlainn

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

7. Is iad seo a leanas bearta neamh-chomhréireacha an Pháirtí AE:

Cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta

Gach earnáil	AT, CZ: Is gá cuairteoir gnó chun críoch bunaíochta a bheith fostaithe ag fiontar nach eagraíocht neamhbhrabúis é, seachas sin: Neamhcheangailte. In SK: Is gá cuairteoir gnó chun críoch bunaíochta a bheith fostaithe ag fiontar nach eagraíocht neamhbhrabúis é, seachas sin: Neamhcheangailte. Tá cead oibre ina cheanglas, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch. CY: Tréimhse fanachta incheadaithe: suas le 90 lá in aon tréimhse 12 mhí. Is gá cuairteoir gnó chun críoch bunaíochta a bheith fostaithe ag fiontar nach eagraíocht neamhbhrabúis é, seachas sin: Neamhcheangailte.

Aistrithe ionchorparáideacha

Gach earnáil	AT, CZ, SK: Is gá aistrithe ionchorparáideacha a bheith fostaithe ag fiontar nach eagraíocht neamhbhrabúis é, seachas sin: Neamhcheangailte. FI: Is gá pearsanra sinsearach a bheith fostaithe ag fiontar nach eagraíocht neamhbhrabúis é. HU: Daoine nádúrtha a bhí ina gcomhpháirtí i bhfiontar, ní cháilíonn siad lena n-aistriú mar aistrithe ionchorparáideacha. Fostaithe faoi oiliúint AT, CZ, DE, FR, ES, HU, LT: An oiliúint a thugtar d'fhostaí faoi oiliúint, ní mór í a bheith nasctha leis an gcéim ollscoile a ghnóthaigh sé.

Cuairteoirí gnó gearrthéarmacha

Gach cuairteoir gnó gearrthéarmach	CY, DK, HR: Tá cead oibre ina cheanglas, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, i gcásanna ina bhfuil seirbhís á soláthar ag an gcuairteoir gnó gearrthéarmach. LV: Tá cead oibre ina cheanglas maidir le hoibríochtaí nó gníomhaíochtaí atá le déanamh ar bhonn conartha. MT: Tá cead oibre ina cheanglas. Ní dhéanfar aon tástáil riachtanas eacnamaíoch. SI: Tá cead cónaithe agus oibre aonair ina cheanglas chun seirbhísí a sholáthar le haghaidh tréimhse is faide ná 14 lá in aon turas agus i gcás gníomhaíochtaí áirithe (taighde agus dearadh; seimineáir oiliúna; ceannach; idirbhearta tráchtála; aistriúchán agus ateangaireacht). Níl tástáil riachtanas eacnamaíoch ina ceanglas. SK: Sa chás ina ndéantar seirbhís a sholáthar i gcríoch na Slóvaice, tá cead oibre ina cheanglas, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, le haghaidh tréimhse is faide ná 7 lá in aon mhí amháin nó 30 lá sa bhliain féilire.
Suiteálaithe agus Daoine Cothabhála	AT: Tá cead oibre ina cheanglas, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch. Déanfar an tástáil riachtanas eacnamaíoch a tharscaoileadh le haghaidh daoine nádúrtha a bhfuil oiliúint á cur acu ar oibrithe chun seirbhísí a chur ar fáil, agus a bhfuil eolas speisialaithe acu. CY: Tá cead oibre ina cheanglas le haghaidh tréimhse is faide ná 7 lá in aon mhí amháin nó 30 lá sa bhliain féilire. CZ: Tá cead oibre ina cheanglas má sháraíonn an tréimhse oibre 7 lá féilire as a chéile nó 30 lá san iomlán sa bhliain féilire. ES: Tá cead oibre ina cheanglas. Ba cheart suiteálaithe, deisitheoirí agus daoine cothabhála a bheith fostaithe dá réir ag an duine dlítheanach a sholáthraíonn an t-earra nó an tseirbhís, nó ag fiontar atá ina bhall den ghrúpa céanna leis an duine dlítheanach tionscnaimh le 3 mhí anuas ar a laghad díreach roimh an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chead isteach, agus ba cheart 3 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith acu, i gcás inarb infheidhme, ar taithí í a fuarthas tar éis lán-aois a bheith acu. FI: Ag brath ar an ngníomhaíocht, féadfaidh cead cónaithe a bheith ina cheanglas. SE: Tá cead oibre ina cheanglas, ach amháin i gcás: (i) daoine nádúrtha a bhíonn rannpháirteach in oiliúint, i dtástáil, in ullmhúchán nó i gcur i gcrích seachadtaí, nó i ngníomhaíochtaí comhchosúla faoi chuimsiú idirbheart gnó; nó (ii) feisteoirí nó teagascóirí teicniúla i dtaca le suiteáil phráinneach nó deisiú práinneach innealra go ceann tréimhse suas le 2 mhí, i gcomhthéacs éigeandála. Níl tástáil riachtanas eacnamaíoch ina ceanglas.

Infheisteoirí

Gach earnáil:	AT: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. CY: Cead fanachta uasta de 90 lá laistigh d'aon tréimhse 6 mhí. CZ, SK: Cead oibre, lena n-áirítear tástáil riachtanas eacnamaíoch, ina cheanglas i gcás infheisteoirí atá fostaithe ag fiontar. DK: Cead fanachta uasta de 90 lá laistigh d'aon tréimhse 6 mhí. Más mian le hinfheisteoirí gnó a bhunú sa Danmhairg mar dhuine féinfhostaithe, tá cead oibre ina cheanglas. FI: Ní mór infheisteoirí a bheith fostaithe ag fiontar nach eagraíocht neamhbhrabúsach é, i bpost sa mheánbhainistíocht nó san ardbhainistíocht.

	HU: Fad fanachta uasta de 90 lá i gcás nach bhfuil an t-infheisteoir fostaithe ag fiontar san Ungáir. Tá tástáil riachtanas eacnamaíoch ina ceanglas i gcás ina bhfuil an t-infheisteoir fostaithe ag fiontar san Ungáir. IT: Tá tástáil riachtanas eacnamaíoch ina ceanglas i gcás nach bhfuil an t-infheisteoir fostaithe ag fiontar. LT, NL, PL: Ní aithnítear catagóir na n-infheisteoirí maidir le daoine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht thar ceann an infheisteora. LV: I gcás na tréimhse réamh-infheistíochta, is é 90 lá an fad fanachta uasta laistigh d'aon tréimhse 6 mhí. Síneadh go bliain amháin sa chéim iar-infheistíochta, faoi réir critéir sa reachtaíocht náisiúnta amhail réimse agus méid na hinfheistíochta a rinneadh. SE: Tá cead oibre ina cheanglas i gcás ina meastar infheisteoir a bheith fostaithe.

8. Is iad seo a leanas bearta neamh-chomhréireacha na Sile:

Cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta

Gach earnáil	Ceann ar bith

Aistrithe ionchorparáideacha

Gach earnáil	Ceann ar bith

Cuairteoirí gnó gearrthéarmacha

Gach earnáil	Ceann ar bith

Infheisteoirí

Gach earnáil	Ceann ar bith

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí a bhfuil cead ag cuairteoirí gnó gearrthéarmacha den Pháirtí AE gabháil dóibh, ar choinníoll go bhfuil a bpríomháit ghnó, a n-áit luacha saothair iarbhír agus a bpríomháit fabhraithe brabús lasmuigh den tSile acu fós:

(a) freastal ar chruinnithe nó ar chomhdhálacha, nó dul i mbun comhairliúcháin le comhghleacaithe gnó;

(b) orduithe a ghlacadh ó fhiontar nó caibidlíocht a dhéanamh le fiontar maidir le conarthaí i gcás inar fiontar é atá lonnaithe sa tSile ach nach ndíolann earraí agus nach soláthraíonn seirbhísí don phobal i gcoitinne;

(c) dul i mbun comhairliúcháin ghnó a bhaineann le bunú, leathnú nó foirceannadh fiontair nó infheistíochta sa tSile; nó

(d) trealamh nó innealra a shuiteáil, a dheisiú nó a chothabháil, seirbhísí a dhéanamh nó oibrithe a oiliúint le seirbhísí a dhéanamh, de bhun baránta nó conradh seirbhíse eile a bhaineann le díol nó léasú an trealaimh nó innealra sin, le linn shaolré an bharánta nó comhaontaithe seirbhíse.

IARSCRÍBHINN 19-B

SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLEÁCHA

1. Ceadóidh gach Páirtí soláthar seirbhísí ar a chríoch ag soláthróirí seirbhísí conarthacha nó ag gairmithe neamhspleácha an Pháirtí eile trí dhaoine nádúrtha a bheith i láthair, i gcomhréir le hAirteagal 19.5, i gcás na n-earnálacha a liostaítear san Iarscríbhinn seo, agus faoi réir na dteorainneacha ábhartha.

2. Tá na heilimintí seo a leanas san áireamh sna liostaí i míreanna 11 agus 12:

(a) chéad cholún, lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil a bhfuil léirscaoileadh déanta ina leith maidir leis an gcatagóir soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha; agus

(b) dara colún, lena ndéantar tuairisc ar na teorainneacha is infheidhme.

3. I dteannta an liosta forchoimeádas san Iarscríbhinn seo, féadfaidh gach Páirtí beart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú i gcás nach teorannú iad de réir bhrí Airteagal 19.5. D'fhéadfaí a áireamh sna bearta sin an gá atá le ceadúnas a fháil, aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha amhail scrúduithe teanga, ceanglas ballraíochta i ngairm ar leith amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil a chomhlíonadh, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile a fhágann nach bhféadfaí gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó i limistéir chosanta. Cé nach liostaítear san Iarscríbhinn seo iad, tá feidhm ag na bearta sin fós.

4. Ní ghabhann na Páirtithe ar láimh aon ghealltanas do sholáthróirí seirbhísí conarthacha ná do ghairmithe neamhspleácha i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach liostaítear san Iarscríbhinn seo.

5. Sna hearnálacha ina gcuirtear tástálacha riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm, is ar na príomhchritéir seo a leanas a dhéanfar an measúnú:

(a) i gcás na Sile, staid ábhartha an mhargaidh sa tSile; agus

(b) i gcás an Pháirtí AE, staid ábhartha an mhargaidh sa Bhallstát nó sa réigiún ina bhfuil an tseirbhís le soláthar, lena n-áirítear an staid i ndáil leis an líon soláthróirí seirbhísí atá ag soláthar seirbhíse cheana tráth a dhéanfar an measúnú agus maidir leis an tionchar a imreofar ar na soláthróirí sin.

6. Níl feidhm ag na sceidil i míreanna 11 go 12 den Iarscríbhinn seo ach amháin maidir le críocha an Pháirtí AE agus na Sile i gcomhréir le hAirteagal 41.2, agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an Páirtí AE agus an tSile. Ní dhéanann na sceidil sin difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le hoibleagáid an Pháirtí AE chun cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear an ceanglas maidir leis an gcóir chéanna a dheonaítear i mBallstát, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a leathnú chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid na Sile, ná maidir le haon bheart a ghlactar de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme i mBallstát, a leathnú chuig:

(a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí Ballstáit eile; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu sa Pháirtí AE.

8. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sna liostaí thíos:

AT An Ostair

BE An Bheilg

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

EL An Ghréig

ES An Spáinn

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI An Fhionlainn

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

CSS Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha

IP Gairmithe Neamhspleácha

Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha

9. Faoi réir liosta na bhforchoimeádas i míreanna 11 agus 12 den Iarscríbhinn seo, glacann na Páirtithe gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 19.5 i ndáil le soláthróirí seirbhísí conarthacha sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha seo a leanas:

(a) Seirbhísí dlí le haghaidh comhairle dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na dlínse baile;

(b) Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta;

(c) Seirbhísí comhairleacha cánachais;

(d) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;

(e) Seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;

(f) Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta;

(g) Seirbhísí tréidliachta;

(h) Seirbhísí cnáimhseach;

(i) Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine;

(j) Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;

(k) Seirbhísí taighde agus forbartha;

(l) Seirbhísí fógraíochta;

(m) Taighde margaidh agus pobalbhreitheanna;

(n) Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;

(o) Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta;

(p) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla;

(q) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla;

(r) Mianadóireacht;

(s) Cothabháil agus deisiú soithí;

(t) Cothabháil agus deisiú trealaimh iompair d'iarnród;

(u) Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompair de bóthair;

(v) Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh;

(w) Cothabháil agus deisiú táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí;

(x) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta;

(y) Seirbhísí teileachumarsáide;

(z) Seirbhísí poist agus cúiréireachta;

(aa) Seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí a bhaineann le hinnealtóireacht;

(bb) Obair imscrúdaithe suímh;

(cc) Seirbhísí ardoideachais;

(dd) Seirbhísí a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht;

(ee) Seirbhísí comhshaoil;

(ff) Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta);

(gg) Seirbhísí airgeadais eile (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta);

(hh) Seirbhísí airgeadais eile a liostaítear in Iarscríbhinn 25 – i gcás na Sile amháin;

(ii) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta iompair;

(jj) Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí tionscnóirí turais;

(kk) Seirbhísí treoraithe turasóireachta;

(ll) Seirbhísí monaraithe comhairleacha agus sainchomhairleoireachta.

Gairmithe Neamhspleácha

10. Faoi réir liosta na bhforchoimeádas i míreanna 11 agus 12 den Iarscríbhinn seo, glacann na Páirtithe gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 19.5 i ndáil le gairmithe neamhspleácha sna hearnálacha nó sna fo-earnálacha seo a leanas:

(a) Seirbhísí dlí le haghaidh comhairle dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na dlínse baile;

(b) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;

(c) Seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;

(d) Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;

(e) Seirbhísí taighde agus forbartha;

(f) Taighde margaidh agus pobalbhreitheanna;

(g) Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;

(h) Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta;

(i) Mianadóireacht;

(j) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta;

(k) Seirbhísí teileachumarsáide;

(l) Seirbhísí poist agus cúiréireachta

(m) Seirbhísí ardoideachais;

(n) Seirbhísí a bhaineann le hárachas (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta);

(o) Seirbhísí airgeadais eile (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta);

(p) Seirbhísí airgeadais eile a liostaítear in Iarscríbhinn 25 – i gcás na Sile amháin;

(q) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta iompair;

(r) Seirbhísí monaraithe comhairleacha agus sainchomhairleoireachta.

11. Is iad seo a leanas forchoimeádais an Pháirtí AE:

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Gach earnáil	CSS: AE: Ní mó an líon daoine a chumhdaítear leis an gconradh seirbhíse ná an líon is gá chun an conradh a chomhlíonadh, de réir mar a fhéadfar a cheangal le dlí an Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís.
Seirbhísí dlí le haghaidh comhairle dlí maidir leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na dlínse baile (cuid de CPC 861)	CSS: In AT, BE, CY, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SE: Ceann ar bith. In BG, CZ, DK, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SI, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In AT, CY, DE, EE, FR, HR, IE, LU, LV, NL, PL, PT, SE: Ceann ar bith. In BE, BG, CZ, DK, EL, ES, FI, HU, IT, LT, MT, RO, SI, SK: Tástálacha riachtanas eacnamaíoch.
Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 86212 seachas 'seirbhísí iniúchóireachta', 86213, 86219 agus 86220)	CSS: In AT, BE, DE, EE, ES, HR, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In BG, CZ, CY, DK, EL, FI, FR, HU, LT, LV, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte.
Seirbhísí comhairleacha cánachais (CPC 863) [1]	CSS: In AT, BE, DE, EE, ES, FR, HR, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith. In BG, CZ, CY, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In PT: Neamhcheangailte. IP: AE: Neamhcheangailte.

[1] Ní áirítear comhairle dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlí maidir le cúrsaí cánach, a thagann faoi sheirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na dlínse baile.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8671 agus 8674)	CSS: In BE, CY, EE, ES, EL, FR, HR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In FI: Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta aige atá ábhartha maidir leis an tseirbhís atá á soláthar. In BG, CZ, DE, HU, LT, LV, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. In AT: Seirbhísí pleanála amháin, sa chás seo a leanas: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In CY, DE, EE, EL, FR, HR, IE, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In FI: Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta aige atá ábhartha maidir leis an tseirbhís atá á soláthar. In BE, BG, CZ, DK, ES, HU, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In AT: Seirbhísí pleanála amháin, sa chás seo a leanas: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
Seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 8672 agus 8673)	CSS: In BE, CY, EE, ES, EL, FR, HR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In FI: Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas aige atá ábhartha maidir leis tseirbhís atá á soláthar. In BG, CZ, DE, HU, LT, LV, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. In AT: Seirbhísí pleanála amháin, sa chás seo a leanas: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In CY, DE, EE, EL, FR, HR, IE, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In FI: Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas aige atá ábhartha maidir leis tseirbhís atá á soláthar. In BE, BG, CZ, DK, ES, HU, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In AT: Seirbhísí pleanála amháin, sa chás seo a leanas: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
Seirbhísí leighis (lena n-áirítear síceolaithe) agus fiaclóireachta (CPC 9312 agus cuid de 85201)	CSS: In SE: Ceann ar bith. In CY, CZ, DE, DK, EE, ES, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SI: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FR: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, seachas i gcás síceolaithe, sa chás seo a leanas: Neamhcheangailte. In AT: Neamhcheangailte, ach amháin i gcás síceolaithe agus seirbhísí fiaclóireachta, sa chás seo a leanas: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, BG, EL, FI, HR, HU, LT, LV, SK: Neamhcheangailte. IP: AE: Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí tréidliachta (CPC 932)	CSS: In SE: Ceann ar bith. In CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SI: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In AT, BE, BG, HR, HU, LV, SK: Neamhcheangailte. IP: AE: Neamhcheangailte.
Seirbhísí cnáimhseachais (cuid de CPC 93191)	CSS: In IE, SE: Ceann ar bith. In AT, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FR, IT, LT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SI: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, BG, FI, HR, HU, SK: Neamhcheangailte. IP: AE: Neamhcheangailte.
Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine (cuid de CPC 93191)	CSS: In IE, SE: Ceann ar bith. In AT, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FR, IT, LT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SI: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, BG, FI, HR, HU, SK: Neamhcheangailte. IP: AE: Neamhcheangailte.
Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara (CPC 84)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In FI: Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta aige atá ábhartha maidir leis an tseirbhís atá á soláthar. In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: In DE, EE, EL, FR, IE, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In FI: Ceann ar bith, ach amháin sa chás seo a leanas: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta aige atá ábhartha maidir leis an tseirbhís atá á soláthar. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, HU, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In HR: Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí taighde agus forbartha (CPC 851, 852 seachas seirbhísí síceolaithe [1], agus 853)	CSS: AE ach amháin in NL, SE: Tá comhaontú óstála le heagraíocht taighde fhormheasta ina cheanglas [2]. AE ach amháin in CZ, DK, SK: Ceann ar bith. In CZ, DK, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE ach amháin in NL, SE: Tá comhaontú óstála le heagraíocht taighde fhormheasta ina cheanglas [3]. AE ach amháin in BE, CZ, DK, IT, SK: Ceann ar bith. In BE, CZ, DK, IT, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	CSS: In BE, DE, EE, ES, FR, HR, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.
Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 864)	CSS: In BE, DE, EE, ES, FR, IE, IT, LU, NL, PL, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DK, EL, FI, HR, LV, MT, RO, SI, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In PT: Ceann ar bith, ach amháin i gcás seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 86402), sna cásanna seo a leanas: Neamhcheangailte. In HU, LT: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin le haghaidh seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 86402), sna cásanna seo a leanas: Neamhcheangailte. IP: In DE, EE, FR, IE, LU, NL, PL, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, EL, ES, FI, HR, IT, LV, MT, RO, SI, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In PT: Ceann ar bith, ach amháin i gcás seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 86402), sna cásanna seo a leanas: Neamhcheangailte. In HU, LT: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin le haghaidh seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 86402), sna cásanna seo a leanas: Neamhcheangailte.

(1) Cuid de CPC 85201, a thagann faoi sheirbhísí míochaine agus fiaclóireachta.

(2) I gcás na mBallstát uile seachas DK, ní mór formheas na heagraíochta taighde agus an chomhaontaithe óstála na coinníollacha a chomhlíonadh a leagtar síos de bhun Threoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair *au pair* (IO AE L 132, 21.5.2016, lch. 21).

(3) I gcás gach Ballstáit, ach amháin DK, ní mór formheas na heagraíochta taighde agus an chomhaontaithe óstála na coinníollacha a leagtar síos de bhun Threoir (AE) 2016/801 a chomhlíonadh.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: In CY, DE, EE, EL, FI, FR, IE, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, DK, ES, HR, HU, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta (CPC 866)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin le haghaidh seirbhísí eadrána agus idir-réitigh (CPC 86602), sna cásanna seo a leanas: Neamhcheangailte. IP: In CY, DE, EE, EL, FI, FR, IE, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, DK, ES, HR, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin le haghaidh seirbhísí eadrána agus idir-réitigh (CPC 86602), sna cásanna seo a leanas: Neamhcheangailte.
Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	CSS: In BE, EE, EL, ES, HR, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DE: Ceann ar bith, ach amháin i gcás suirbhéirí arna gceapadh go poiblí, sa chás seo a leanas: Neamhcheangailte. In FR: Ceann ar bith, ach amháin i gcás oibríochtaí 'suirbhéireachta' a bhaineann le cearta maoine a bhunú agus le dlí na talún, sna cásanna seo a leanas: Neamhcheangailte. In BG: Neamhcheangailte. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.
Mianadóireacht (CPC 883, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ,CY, HU, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: In DE, EE, EL, FI, FR, HR, IE, LV, LU, MT, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, HU, IT, LT, PL, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
Cothabháil agus deisiú soithí (cuid de CPC 8868)	CSS: In BE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LV, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, IE, LT, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú trealaimh iompair d'iarnród (cuid de CPC 8868)	CSS: In BE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, IE, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealaimh iompair de bhóthar (CPC 6112, 6122, cuid de 8867 agus cuid de 8868)	CSS: In BE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LV, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, IE, LT, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 8868)	CSS: In BE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, IE, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí [1] (CPC 633, 7545, 8861, 8862, 8864, 8865 agus 8866)	CSS: In BE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, HU, IE, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Neamhcheangailte, ach amháin i gcomhthéacs conartha iar-dhíolacháin nó iar-léasa; chun earraí pearsanta agus tí a chothabháil agus a dheisiú (CPC 633): Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.
Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905, gan gníomhaíochtaí oifigiúla nó deimhnithe san áireamh)	CSS: In BE, CY, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, DK, FI, HU, IE, LT, LV, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: In CY, DE, EE, FR, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, DK, EL, ES, FI, HU, IE, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In HR: Neamhcheangailte.

[1] Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe innealra agus trealaimh oifige, lena n-áirítear ríomhairí (CPC 845), le fáil faoi sheirbhísí ríomhaireachta.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí teileachumarsáide (CPC 7544, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: In DE, EE, EL, FI, FR, HR, IE, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, HU, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
Seirbhísí poist agus cúiréireachta (CPC 751, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, FI, HU, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: In DE, EE, EL, FR, HR, IE, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, FI, HU, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.
Seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí innealtóireachta gaolmhara (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518. In BG: CPC 512, 5131, 5132, 5135, 514, 5161, 5162, 51641, 51643, 51644, 5165 agus 517)	CSS: AE: Neamhcheangailte ach amháin in BE, CZ, DK, ES, NL agus SE. In BE, DK, ES, NL, SE: Ceann ar bith. In CZ: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte, ach amháin NL. In NL: Ceann ar bith.
Obair imscrúdaithe láithreán (CPC 5111)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, FI, HU, LT, LV, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: AE: Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí ardoideachais (CPC 923)	CSS: AE ach amháin in LU, SE: Neamhcheangailte. In LU: Neamhcheangailte, ach amháin i gcás ollúna ollscoile, sa chás seo a leanas: Ceann ar bith. In SE: Ceann ar bith, ach amháin i gcás soláthróirí seirbhísí oideachais a chistítear go poiblí agus go príobháideach agus a bhfuil tacaíocht éigin Stáit acu, sa chás seo a leanas: Neamhcheangailte. IP: AE ach amháin in SE: Neamhcheangailte. In SE: Ceann ar bith, ach amháin i gcás soláthróirí seirbhísí oideachais a chistítear go poiblí agus go príobháideach agus a bhfuil tacaíocht éigin Stáit acu, sa chás seo a leanas: Neamhcheangailte.
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht (CPC 881, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: AE ach amháin in BE, DE, DK, ES, FI, HR agus SE: Neamhcheangailte. In BE, DE, ES, HR, SE: Ceann ar bith. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In FI: Neamhcheangailte, ach amháin i gcás seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le foraoiseacht, sna cásanna seo a leanas: Ceann ar bith. IP: AE: Neamhcheangailte.
Seirbhísí comhshaoil (CPC 9401, 9402, 9403, 9404, cuid de 94060, 9405, cuid de 9406 agus 9409)	CSS: In BE, EE, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, DE, DK, EL, HU, LT, LV, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. IP: AE: Neamhcheangailte.
Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ,CY, FI, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. In HU: Neamhcheangailte. IP: In DE, EE, EL, FR, HR, IE, LV, LU, MT, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, FI, IT, LT, PL, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In HU: Neamhcheangailte.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí airgeadais eile (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: In BE, DE, ES, EE, EL, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, FI, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí. In HU: Neamhcheangailte. IP: In DE, EE, EL, FR, HR, IE, LV, LU, MT, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, FI, IT, LT, PL, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In HU: Neamhcheangailte.
Iompar (CPC 71, 72, 73, agus 74, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: In DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. In BE: Neamhcheangailte. IP: In CY, DE, EE, EL, FI, FR, HR, IE, LV, LU, MT, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, DK, ES, HU, IT, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In PL: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, seachas i gcás aeriompair, sa chás seo a leanas: Ceann ar bith. In BE: Neamhcheangailte.
Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (bainisteoirí turais san áireamh ([1])) (CPC 7471)	CSS: In AT, CY, CZ, DE, EE, ES, FR, HR, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith. In BG, EL, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. In BE, IE: Neamhcheangailte, ach amháin i gcás bainisteoirí turas, sa chás seo a leanas: Ceann ar bith. IP: AE: Neamhcheangailte.

([1]) Soláthróirí seirbhíse a bhfuil sé d'fheidhm acu grúpa turais de 10 nduine nádúrtha ar a laghad a thionlacan, gan gníomhú mar threoraithe in áiteanna sonracha.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí treoraithe turasóireachta (CPC 7472)	CSS: In NL, PT, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LU, MT, RO, SK, SI: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In ES, HR, LT, PL: Neamhcheangailte. IP: AE: Neamhcheangailte.
Déantúsaíocht (CPC 884, agus 885, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	CSS: In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BG, CZ, CY, HU, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí CSS suas le 3 mhí. IP: In DE, EE, EL, FI, FR, HR, IE, LV, LU, MT, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith. In AT, BE, BG, CZ, CY, DK, ES, HU, IT, LT, PL, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.

12. Is iad seo a leanas forchoimeádais na Sile:

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí dlí le haghaidh comhairle dlí maidir leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na dlínse baile (cuid de CPC 861)	Ceann ar bith.
Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 86212 seachas 'seirbhísí iniúchóireachta', 86213, 86219 agus 86220)	Ceann ar bith.
Seirbhísí comhairleacha cánachais (CPC 863) [1]	Ceann ar bith.
Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8671 agus 8674)	Ceann ar bith.
Seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite (CPC 8672 agus 8673)	Ceann ar bith.
Seirbhísí leighis (lena n-áirítear síceolaithe) agus fiaclóireachta (CPC 9312 agus cuid de 85201)	Ceann ar bith.
Seirbhísí tréidliachta (CPC 932)	Ceann ar bith.
Seirbhísí cnáimhseachais (cuid de CPC 93191)	Ceann ar bith.

[1] Ní áirítear comhairle dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlí maidir le cúrsaí cánach, a thagann faoi sheirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí na dlínse baile.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine (cuid de CPC 93191)	Ceann ar bith.
Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara (CPC 84)	Ceann ar bith.
Seirbhísí taighde agus forbartha (CPC 851, 852 seachas seirbhísí síceolaithe [1], agus 853)	Ceann ar bith.
Seirbhísí fógraíochta (CPC 871)	Ceann ar bith.
Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna (CPC 864)	Ceann ar bith.
Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta (CPC 865)	Ceann ar bith.
Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta (CPC 866)	Ceann ar bith.
Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)	Ceann ar bith.
Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)	Ceann ar bith.
Mianadóireacht (CPC 883, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú soithí (cuid de CPC 8868)	Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú trealaimh iompair d'iarnród (cuid de CPC 8868)	Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealaimh iompair de bhóthar (CPC 6112, 6122, cuid de 8867 agus cuid de 8868)	Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 8868)	Ceann ar bith.
Cothabháil agus deisiú táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí [2] (CPC 633, 7545, 8861, 8862, 8864, 8865 agus 8866)	Ceann ar bith.
Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905, gan gníomhaíochtaí oifigiúla nó deimhnithe san áireamh)	Ceann ar bith.
Seirbhísí teileachumarsáide (CPC 7544, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.
Seirbhísí poist agus cúiréireachta (CPC 751, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.

(1) Cuid de CPC 85201, a thagann faoi sheirbhísí míochaine agus fiaclóireachta.
(2) Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe innealra agus trealaimh oifige, lena n-áirítear ríomhairí (CPC 845), le fáil faoi sheirbhísí ríomhaireachta.

Earnáil nó fo-earnáil	Tuairisc ar na forchoimeádais
Seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí innealtóireachta gaolmhara (CPC 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518. In BG: CPC 512, 5131, 5132, 5135, 514, 5161, 5162, 51641, 51643, 51644, 5165 agus 517)	Ceann ar bith.
Obair imscrúdaithe láithreán (CPC 5111)	Ceann ar bith.
Seirbhísí ardoideachais (CPC 923)	Ceann ar bith.
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht (CPC 881, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.
Seirbhísí comhshaoil (CPC 9401, 9402, 9403, 9404, cuid de 94060, 9405, cuid de 9406 agus 9409)	Ceann ar bith.
Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.
Seirbhísí airgeadais eile (seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.
Seirbhísí airgeadais eile (a liostaítear i roinn B d'Iarscríbhinn 25-2)	Ceann ar bith.
Iompar (CPC 71, 72, 73, agus 74, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.
Gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí tionscnóirí turas (lena n-áirítear bainisteoirí turas [1]) (CPC 7471)	Ceann ar bith.
Seirbhísí treoraithe turasóireachta (CPC 7472)	Ceann ar bith.
Déantúsaíocht (CPC 884, agus 885, seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta amháin)	Ceann ar bith.

[1] Soláthróirí seirbhíse a bhfuil sé d'fheidhm acu grúpa turais de 10 nduine nádúrtha ar a laghad a thionlacan, gan gníomhú mar threoraithe in áiteanna sonracha.

IARSCRÍBHINN 19-C

GLUAISEACHT DAOINE NÁDÚRTHA CHUN CRÍOCH GNÓ

Gealltanais nós imeachta a bhaineann le teacht isteach agus fanacht sealadach

1. Ba cheart do na Páirtithe a áirithiú go mbeidh an phróiseáil a dhéanfar ar iarratais ar theacht isteach agus fanacht sealadach de bhun a ngealltanas sa Chomhaontú seo ag teacht le dea-chleachtas riaracháin. Chuige sin:

(a) áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfar dochar míchuí nó nach gcuirfear moill mhíchuí ar thrádáil i seirbhísí faoi Chuid III den Chomhaontú seo de bharr táillí a ghearrfaidh údaráis inniúla ar iarratais ar theacht isteach agus fanacht sealadach a phróiseáil;

(b) faoi réir rogha na n-údarás inniúil, na doiciméid a mbeidh gá leo ó iarratasóir chun teacht isteach agus fanacht sealadach a dheonú le haghaidh cuairteoirí gearrthéarma chun críoch gnó, ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis an gcuspóir dá mbailítear iad;

(c) déanfar iarratais chomhlánaithe ar theacht isteach agus fanacht sealadach a phróiseáil chomh tapa agus is féidir;

(d) déanfaidh údaráis inniúla Páirtí iarracht faisnéis a sholáthar, gan moill mhíchuí, mar fhreagairt ar aon iarraidh réasúnach ó iarratasóir maidir le stádas iarratais ar theacht isteach agus fanacht sealadach;

(e) má tá gá ag údaráis inniúla Páirtí le faisnéis bhreise ón iarratasóir chun an t-iarratas ar theacht isteach agus fanacht sealadach a phróiseáil, déanfaidh na húdaráis sin iarracht fógra a thabhairt don iarratasóir faoin méid sin, gan moill mhíchuí;

(f) tabharfaidh údaráis inniúla gach Páirtí fógra don iarratasóir go pras faoi thoradh an iarratais ar theacht isteach agus fanacht sealadach, tar éis dóibh cinneadh a dhéanamh;

(g) i gcás ina gceadófar iarratas, cuirfidh údaráis inniúla gach Páirtí an t-iarratasóir ar an eolas faoin tréimhse fanachta agus faoi théarmaí agus coinníollacha ábhartha eile;

(h) i gcás ina ndiúltófar iarratas ar theacht isteach agus fanacht sealadach, déanfaidh údaráis inniúla Páirtí, ar iarraidh ón iarratasóir nó as a stuaim féin, faisnéis a chur ar fáil don iarratasóir faoi aon nós imeachta athbhreithnithe nó aon achomharc atá ar fáil;

(i) déanfaidh gach Páirtí iarracht glacadh le hiarratais agus iad a phróiseáil i bhformáid leictreonach.

2. Tá feidhm ag na gealltanais bhreise nós imeachta seo a leanas maidir le haistrithe ionchorparáideacha agus a mbaill teaghlaigh ([1]):

(a) glacfaidh údaráis inniúla gach Páirtí cinneadh maidir le hiarratas ó aistrí ionchorparáideach ar theacht isteach nó fanacht sealadach, nó ar theacht isteach agus fanacht sealadach a athnuachan, agus tabharfaidh siad fógra don iarratasóir faoin gcinneadh sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt faoin dlí náisiúnta, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an dáta ar cuireadh an t-iarratas iomlán isteach;

(b) mura soláthrófar faisnéis nó doiciméadacht iomlán chun tacú leis an iarratas ar theacht isteach nó fanacht sealadach maidir le haistrí ionchorparáideach, nó ar theacht isteach agus fanacht sealadach a athnuachan, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra don iarratasóir, laistigh de thréimhse réasúnach ama, faoin bhfaisnéis bhreise a bhfuil gá léi, agus leagfaidh siad sprioc-am réasúnach síos chun an fhaisnéis sin a sholáthar; cuirfear an tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír (a) ar fionraí go dtí go mbeidh an fhaisnéis bhreise a bhfuil gá léi faighte ag na húdaráis inniúla;

(c) leathnóidh an Páirtí AE chuig baill teaghlaigh daoine nádúrtha na Sile, ar aistrithe ionchorparáideacha iad chuig an Páirtí AE an ceart teacht isteach agus fanacht sealadach a dheonaítear do bhaill teaghlaigh aistrí ionchorparáidigh faoi Airteagal 19 de Threoir ICT;

([1]) Níl feidhm ag fomhíreanna (a), (b) agus (c) i gcás na mBallstát nach bhfuil faoi réir chur i bhfeidhm Threoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír faoi chuimsiú aistrithe ionchorparáidigh (IO AE L 157, 27.5.2014, lch. 1) ('Treoir TFC').

(d) Deonóidh an tSile do bhaill teaghlaigh daoine nádúrtha den Pháirtí AE ar cuairteoirí gnó chun críoch bunaíochta, infheisteoirí, aistrithe ionchorparáideacha, soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha iad, víosa mar chleithiúnaí, ar víosa é nach gceadóidh do na baill teaghlaigh sin gníomhaíochtaí a dhéanamh sa tSile le haghaidh luach saothair; d'ainneoin sin, féadfaidh cead a bheith ag cleithiúnaí teaghlaigh gníomhaíocht a dhéanamh sa tSile le haghaidh luach saothair ar iarratas ar leithligh uaidh ar a víosa féin mar neamh-chleithiúnaí, faoi Chuid III den Chomhaontú seo nó faoi na rialacha ginearálta maidir le himirce; féadfar an t-iarratas sin a chur isteach agus a phróiseáil sa tSile.

Comhar maidir le filleadh agus athligean isteach

3. Aithníonn na Páirtithe, maidir leis an ngluaiseacht fheabhsaithe do dhaoine nádúrtha a eascraíonn as na forálacha de mhíreanna 1 agus 2, go n-éilítear leis an ngluaiseacht sin comhar iomlán maidir le filleadh agus athligean isteach daoine nádúrtha nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch an Pháirtí eile, a bheith i láthair inti nó cónaí inti.

4. Chun críoch mhír 3, féadfaidh Páirtí cur i bhfeidhm fhorálacha mhíreanna 1 agus 2 a chur ar fionraí i gcás ina measúnaíonn sé nach bhfuil oibleagáidí an Pháirtí eile faoin dlí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh aige i dtaca lena náisiúnaigh a athligean isteach gan choinníollacha. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtuiscint nach bhfuil measúnú den chineál sin faoi réir athbhreithniú faoi Chaibidil 38.

IARSCRÍBHINN 21-A

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE SOCRUITHE CHUN CÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA A AITHINT

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. San Iarscríbhinn seo tá treoracha maidir le socruithe i ndáil leis na coinníollacha a bhaineann le cáilíochtaí gairmiúla a aithint ('socruithe'), de réir mar a leagtar síos in Airteagal 21.1.

2. De bhun an Airteagail sin, cuirfear na treoirlínte seo san áireamh agus moltaí comhpháirteacha á bhforbairt ag comhlachtaí gairmiúla nó ag údaráis na bPáirtithe ('moltaí comhpháirteacha').

3. Tá na treoirlínte seo neamh-cheangailteach, neamh-uileghabhálach agus ní mhodhnaítear leo cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoi Chuid III den Chomhaontú seo ná ní dhéantar difear dóibh. Leagtar amach iontu gnáthábhar na socruithe agus tugtar táscairí ginearálta maidir le luach eacnamaíoch socraithe agus comhoiriúnacht na gcóras um cháilíochtaí gairmiúla.

4. D'fhéadfadh sé nach mbeidh gach gné de na treoirlínte sin ábhartha i ngach cás agus beidh de shaoirse ag comhlachtaí gairmiúla agus ag údaráis aon ghné eile a mheasfaidh siad a bheith ábhartha maidir le socruithe na gairme agus na ngníomhaíochtaí gairmiúla lena mbaineann a chur san áireamh ina moltaí comhpháirteacha, i gcomhréir le Cuid III den Chomhaontú seo.

5. Ba cheart don Chomhairle Comhpháirteach na treoirlínte seo a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le socruithe a fhorbairt agus a ghlacadh. Tá siad gan dochar don athbhreithniú den Chomhairle Comhpháirteach ar chomhsheasmhacht na moltaí comhpháirteacha le Cuid III den Chomhaontú seo agus dá lánrogha chun na gnéithe a mheasfaidh sé a bheith ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear na gnéithe sin atá i moltaí comhpháirteacha.

ROINN B

FOIRM AGUS ÁBHAR SOCRAITHE

6. Leagtar amach sa Roinn seo an gnáthábhar atá ag socrú, roinnt de nach bhfuil laistigh de shainchúram na gcomhlachtaí gairmiúla ná na n-údarás atá i mbun moltaí comhpháirteacha a ullmhú. Mar sin féin, is faisnéis úsáideach atá san ábhar sin, a bheidh le cur san áireamh in ullmhú moltaí comhpháirteacha, ionas go n-oirfidh siad níos fearr don raon feidhme a d'fhéadfadh a bheith ag socrú.

7. Ábhair a dtugtar aghaidh orthu go sonrach i gCuid III den Chomhaontú seo a bhfuil feidhm acu maidir le socruithe, amhail raon feidhme socraithe, an chaoi a n-idirghníomhaíonn sé le bearta sceidealaithe neamh-chomhréireacha; an córas um réiteach díospóidí, nó sásraí monatóireachta agus athbhreithniúcháin a bhaineann leis an socrú, níor cheart aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin trí mholtaí comhpháirteacha.

8. Féadfar sásraí éagsúla a shonrú i socrú chun cáilíochtaí gairmiúla laistigh de Pháirtí a aithint. Féadfar é a theorannú freisin chun raon feidhme an tsocraithe a shocrú, mar aon leis na forálacha nós imeachta, éifeachtaí an aitheantais agus ceanglais bhreise, agus na socruithe riaracháin.

9. Ba cheart an socrú a ghlacfaidh an Chomhairle Comhpháirteach a bheith ina léiriú ar an méid discréide a bheartaítear cloí leis do na húdaráis inniúla agus cinneadh á dhéanamh acu faoi aithint.

Raon feidhme socraithe

10. Ba cheart an méid seo a leanas a leagan amach i socrú:

(a) an ghairm rialáilte shonrach nó na gairmeacha rialáilte sonracha, an teideal gairmiúil nó na teidil ghairmiúla ábhartha agus an ghníomhaíocht nó an grúpa gníomhaíochtaí a chumhdaítear le raon feidhme chleachtas na gairme rialáilte sa dá Pháirtí ('raon feidhme cleachtais'); agus

(b) an gcumhdaítear leis aitheantas cáilíochtaí gairmiúla chun críoch rochtana ar ghníomhaíochtaí gairmiúla ar bhonn téarma seasta nó ar bhonn éiginnte.

Coinníollacha maidir le haitheantas

11. Féadfaidh socrú na nithe seo a leanas a shonrú, go háirithe:

(a) na cáilíochtaí gairmiúla is gá le haghaidh aitheantais faoin socrú, mar shampla, cruthúnas maidir le cáilíochtaí foirmiúla, taithí ghairmiúil, nó aon dearbhú inniúlachta eile;

(b) an méid discréide a chaomhnaíonn na húdaráis aitheantais agus iarratais ar aitheantas na gcáilíochtaí gairmiúla lena mbaineann á measúnú acu; agus

(c) na nósanna imeachta chun déileáil le héagsúlachtaí agus bearnaí idir cáilíochtaí gairmiúla agus na bealaí chun na difríochtaí a shárú, lena n-áirítear an fhéidearthacht chun bearta cúiteacha a fhorchur nó aon choinníoll nó srian ábhartha eile.

Forálacha nós imeachta

12. Féadfar na nithe seo a leanas a leagan amach le socrú:

(a) na doiciméid a mbeidh gá leo agus an fhoirm ar cheart iad a chur i láthair, mar shampla, i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirmeacha eile, nó ar cheart tacaíocht a thabhairt dóibh le haistriúcháin nó deimhnithe barántúlachta, etc.;

(b) na céimeanna agus na nósanna imeachta sa phróiseas aitheantais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bearta cúiteacha a d'fhéadfadh a bheith ann, oibleagáidí comhfhreagracha agus amlínte; agus

(c) infhaighteacht faisnéise atá ábhartha maidir le gach gné de na próisis agus na ceanglais aitheantais.

Na héifeachtaí a bhaineann le haitheantais agus ceanglais bhreise

13. Féadfaidh an socrú forálacha a leagan amach maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le haitheantais agus, i gcás inarb ábhartha, maidir le modhanna éagsúla soláthair freisin.

14. Féadfaidh an socrú tuairisc a dhéanamh ar aon cheanglas breise le haghaidh cleachtadh éifeachtach na gairme rialáilte sa Pháirtí óstach. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na ceanglais sin:

(a) ceanglais chlárúcháin le húdaráis áitiúla;

(b) scileanna teanga iomchuí;

(c) cruthúnas maidir le dea-charachtar;

(d) comhlíonadh cheanglais an Pháirtí óstaigh maidir le hainmneacha trádála nó gnólachta a úsáid;

(e) comhlíonadh cheanglais an Pháirtí óstaigh maidir le rialacha eitice, neamhspleáchas agus iompar gairmiúil;

(f) an gá atá le hárachas slánaíochta gairmiúla a fháil;

(g) na rialacha maidir le gníomhaíocht araíonachta, freagracht airgeadais agus dliteanas gairmiúil; agus

(h) na ceanglais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

Riar an tsocraithe

15. Ba cheart na téarmaí a leagan amach i socrú faoina bhféadfar é a athbhreithniú nó a chúlghairm, mar aon le héifeachtaí aon athbhreithnithe nó cúlghairme. Féadfar aird a thabhairt ar fhorálacha a chur san áireamh maidir le héifeachtaí aon aitheantais a tugadh cheana.

ROINN C

LUACH EACNAMAÍOCH SOCRAITHE ATÁ BEARTAITHE

16. De bhun fhomhír (a) d'Airteagal 21.1(2), tacófar le moltaí comhpháirteacha trí mheasúnú fianaise-bhunaithe ar luach eacnamaíoch socraithe atá beartaithe. Féadfar measúnú den sórt a bheith san áireamh leis sin meastóireacht ar na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ann do gheilleagair an dá Pháirtí mar thoradh ar shocrú agus cabhrú leis an gComhairle Comhpháirteach nuair a bheidh socrú á fhorbairt agus á ghlacadh.

17. Gnéithe amhail a oscailte atá an margadh faoi láthair, riachtanais na hearnála tionsclaíochta, treochtaí agus forbairtí margaidh, ionchais agus riachtanais an chliaint agus deiseanna gnó, is gnéithe iad sin atá úsáideach le haghaidh na meastóireachta dá dtagraítear i mír 16.

18. Ní gá don mheastóireacht a bheith ina hanailís eacnamaíoch iomlán mhionsonraithe, ach ba cheart di míniú a sholáthar ar an spéis atá ag lucht na gairme socrú a ghlacadh agus ar na tairbhí do na Páirtithe a bhfuil coinne leo mar thoradh ar shocrú a ghlacadh.

ROINN D

COMHOIRIÚNACHT CÓRAS MAIDIR LE CÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

19. De bhun fhomhír (b) d'Airteagal 21.1(2), tacófar le moltaí comhpháirteacha trí mheasúnú fianaise-bhunaithe ar chomhoiriúnacht na gcóras cáilíochtaí gairmiúla ábhartha. Féadfaidh measúnú den sórt sin cabhrú leis an gComhairle Comhpháirteach nuair a bheidh socrú á fhorbairt agus á ghlacadh.

20. Is aidhm don phróiseas seo a leanas comhlachtaí gairmiúla agus údaráis a threorú nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar chomhoiriúnacht na gcáilíochtaí gairmiúla agus na ngníomhaíochtaí, d'fhonn aitheantas cáilíochtaí gairmiúla a shimpliú agus a éascú.

Céim a hAon: Measúnú ar raon feidhme an chleachtais agus ar na cáilíochtaí gairmiúla atá ina gceanglas chun an ghairm rialáilte a chleachtadh i ngach Páirtí

21. Ba cheart an measúnú ar raon feidhme an chleachtais agus ar na cáilíochtaí gairmiúla atá ina gceanglas chun gairm rialáilte a chleachtadh i ngach Páirtí a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis ábhartha uile.

22. Ba cheart na heilimintí seo a leanas a aithint:

(a) gníomhaíochtaí nó grúpaí gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoi raon feidhme chleachtas na gairme rialáilte i ngach Páirtí; agus

(b) na cáilíochtaí gairmiúla atá ina gceanglas i ngach Páirtí chun an ghairm rialáilte a chleachtadh, a bhféadfaidh na heilimintí seo a leanas a bheith ar áireamh iontu:

(i) an t-íosleibhéal oideachais atá ina cheanglas, mar shampla, riachtanais iontrála, leibhéal oideachais, fad an staidéir agus na hábhair a ndearnadh staidéar orthu;

(ii) an t-íosleibhéal taithí gairmiúla is gá, mar shampla, suíomh, fad agus coinníollacha na hoiliúna praiticiúla nó an chleachtais ghairmiúil faoi mhaoirseacht roimh chlárú, ceadúnú nó a gcoibhéis;

(iii) scrúduithe a bhfuarthas pas iontu, go háirithe scrúduithe ar inniúlacht ghairmiúil; agus

(iv) ceadúnas nó a choibhéis a fháil, lena ndeimhnítear, mar shampla, comhlíonadh na gceanglas maidir le cáilíochtaí gairmiúla a bhfuil gá leo chun an ghairm a shaothrú.

Céim a Dó: Meastóireacht ar an éagsúlacht idir raon feidhme chleachtais na gairme rialáilte i ngach Páirtí nó sna cáilíochtaí gairmiúla is gá chun í a chleachtadh

23. Maidir leis an meastóireacht ar an éagsúlacht i raon feidhme chleachtais na gairme rialáilte i ngach Páirtí nó sna cáilíochtaí gairmiúla is gá chun í a chleachtadh, ba cheart, go háirithe, aon éagsúlacht shubstaintiúil sa mheastóireacht a shainaithint.

24. Féadfaidh éagsúlacht shuntasach i raon feidhme an chleachtais a bheith ann má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá gníomhaíocht amháin nó níos mó á cumhdach le gairm rialáilte sa Pháirtí óstach nach gcumhdaítear leis an ngairm chomhfhreagrach sa Pháirtí tionscnaimh;

(b) tá gníomhaíochtaí den chineál sin faoi réir sainoiliúna sa Pháirtí óstach; agus

(c) cumhdaítear leis an oiliúint le haghaidh gníomhaíochtaí den chineál sin sa Pháirtí óstach ábhair atá éagsúil go substaintiúil leis na hábhair a chumhdaítear le cáilíocht an iarratasóra.

25. Féadfaidh éagsúlacht shubstaintiúil a bheith ann sna cáilíochtaí gairmiúla atá ina gceanglas chun gairm rialáilte a chleachtadh má tá éagsúlachtaí i gceanglais na bPáirtithe maidir le leibhéal, fad nó ábhar na hoiliúna is gá chun na gníomhaíochtaí a shaothrú arna gcumhdach leis an ngairm rialáilte.

Céim a Trí: Sásraí aitheantais

26. Féadfaidh sásraí éagsúla a bheith ann chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint, ag brath ar na himthosca. Féadfaidh sásraí éagsúla a bheith ann laistigh de Pháirtí.

27. Mura bhfuil aon éagsúlacht shubstaintiúil i raon feidhme an chleachtais agus sna cáilíochtaí gairmiúla atá ina gceanglas chun gairm rialáilte a chleachtadh, féadfaidh socrú foráil a dhéanamh maidir le próiseas aitheantais níos éasca, níos cuíchóirithe ná mar a bheadh ann i gcás ina mbeadh éagsúlacht shubstaintiúil ann.

28. Má tá éagsúlacht shubstaintiúil ann, féadfaidh an socrú foráil a dhéanamh maidir le bearta cúiteacha atá leordhóthanach chun éagsúlacht den sórt sin a leigheas.

29. I gcás ina mbainfear úsáid as bearta cúiteacha chun éagsúlacht shubstaintiúil a laghdú, ní mór na bearta sin a bheith comhréireach leis an éagsúlacht a bhfuil siad ceaptha aghaidh ar thabhairt uirthi. D'fhéadfaí aon taithí ghairmiúil phraiticiúil nó aon oiliúint a bailíochtaíodh go foirmiúil a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar mhéid na mbeart cúiteach a bhfuil gá leo.

30. Bíodh an éagsúlacht substaintiúil nó ná bíodh, féadfar a chur san áireamh sa socrú an méid discréide a bheartaítear a chaomhnú do na húdaráis inniúla agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar aitheantais.

31. Féadfaidh cineálacha éagsúla bheart cúiteach a bheith ann, lena n-áirítear:

(a) tréimhse cleachtais faoi mhaoirseacht i gcás gairm rialáilte sa Pháirtí óstach, a bhféadfadh oiliúint bhreise a bheith ag gabháil leis, faoi fhreagracht duine cáilithe agus faoi réir measúnú rialáilte;

(b) tástáil arna déanamh nó arna haithint ag údaráis ábhartha an Pháirtí óstaigh chun measúnú a dhéanamh ar chumas an iarratasóra gairm rialáilte a chleachtadh sa Pháirtí sin; agus

(c) teorainn shealadach ar raon feidhme an chleachtais.

32. D'fhéadfaí a thuar leis an socrú go dtabharfaí rogha d'iarratasóirí idir bearta cúiteacha éagsúla i gcás ina bhféadfadh sé sin an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a laghdú agus i gcás ina mbeadh bearta cúiteacha den chineál sin coibhéiseach.

IARSCRÍBHINN 21-B

AITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH CÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

De bhun Airteagal 21.1(3) agus fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1), féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh chun na socruithe frithpháirteacha um aitheantas a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a chinneadh nó a leasú.

IARSCRÍBHINN 25

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Príomhnótaí

1. Leagtar an méid seo a leanas amach i sceidil gach Páirtí in Iarscríbhinní 25-1 agus 25-2, de bhun Airteagal 25.10:

(a) Leagtar amach i Roinn A na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha a bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí in Airteagal 25.7 ina leith;

(b) Leagtar amach i Roinn B na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha a ndéanfaidh an Páirtí sin gealltanais ina leith de bhun Airteagal 25.6;

(c) Leagtar amach i Roinn C na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha a gcoinneoidh an Páirtí sin beart atá ann faoi láthair ar bun ina leith, ar beart é nach bhfuil faoi réir cuid de na hoibleagáidí nó na n-oibleagáidí uile a fhorchuirtear leis na hAirteagail seo a leanas:

(i) Airteagal 25.3;

(ii) Airteagal 25.5;

(iii) Airteagal 25.7;

(iv) Airteagal 25.8; agus

(v) Airteagal 25.9.

(d) Leagtar amach i Roinn D na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha a bhféadfaidh an Páirtí sin bearta atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun ina leith, nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh ina leith nach gcomhlíonann cuid de na hoibleagáidí ná na hoibleagáidí uile dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) go (c) den mhír seo.

2. Sna Ranna uile, i gcás an Pháirtí AE, sonraítear na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha i gcomhréir leis na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 25.2. I Roinn B, i gcás na Sile, aicmítear na gealltanais i gcomhréir le CPC.

3. Forchoimeádas a ghlactar i ndáil leis na hoibleagáidí a leagtar amach sna hAirteagail a ionchorpraítear i gCaibidil 25 le hAirteagal 25.7, déantar é a sceidealú trí thagairt do cheannteidil na nAirteagal sin agus don oibleagáid shonrach a ionchorpraíodh.

4. Níl san áireamh i Roinn B ach teorainneacha neamhidirdhealaitheacha le rochtain ar an margadh. Is i Roinn C nó D a sceidealaítear teorainneacha idirdhealaitheacha.

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá forchoimeádais Páirtí gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

6. I Ranna C agus D, leagtar amach le gach forchoimeádas na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn 'fo-earnáil' don earnáil shonrach ina nglactar an forchoimeádas;

(b) le 'cineál forchoimeádais' nó 'oibleagáid lena mbaineann', sonraítear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith;

(c) le 'leibhéal rialtais', sonraítear an leibhéal rialtais lena gcoinnítear beart ar bun a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith;

(d) i Roinn C, le 'bearta', aithnítear na dlíthe nó na bearta eile a cháilítear, i gcás ina dtuairiscítear sin, leis an eilimint 'tuairisc' a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith. Maidir le beart a luaitear san eilimint 'bearta':

(i) ciallaíonn sé an beart arna leasú, arna leanúint nó arna athnuachan ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh;

(ii) cuireann sé aon fhobheart san áireamh arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun faoi údarás an bhirt agus atá comhsheasmhach leis an mbeart; agus

(iii) i ndáil le sceideal an Pháirtí AE, folaíonn sé aon dlíthe nó aon bhearta eile lena gcuirtear Treoir an Aontais Eorpaigh chun feidhme ar leibhéal na mBallstát;

(e) i Roinn D, le 'bearta atá ann cheana', sainaithnítear, chun críoch trédhearcachta, bearta atá ann cheana a bhfuil feidhm acu maidir le fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas; agus

(f) leagtar amach le 'tuairisc' gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir le Roinn C, má ghlacann Páirtí beart nua ar leibhéal rialtais atá éagsúil leis an leibhéal ar a nglacadh an forchoimeádas ar dtús, agus má chuirtear an beart nua sin, go bunúsach, in ionad ghné neamh-chomhréireach an bhirt bhunaidh a luadh san eilimint 'bearta', laistigh den chríoch a bhfuil feidhm aige ina leith, measfar gurb éard atá sa bheart nua 'modhnú' ar an mbeart bunaidh de réir bhrí fhomhír (c) d'Airteagal 25.10(1).

8. Agus forchoimeádas á léirmhíniú, déanfar gach eilimint den fhorchoimeádas sin a bhreithniú. Déanfar forchoimeádas a léirmhíniú i bhfianaise na n-oibleagáidí ábhartha a bhfuil an forchoimeádas á ghlacadh ina gcoinne. I Roinn C, beidh tús áite ag an eilimint 'bearta', agus i ranna B agus D, beidh tús áite ag an eilimint 'tuairisc' ar na heilimintí eile ar fad.

9. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh, maidir le beart de chuid Ballstáit ar an leibhéal lárnach nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas. Maidir le forchoimeádas a ghlacann Ballstát, beidh feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den Bhallstát sin. Chun críocha fhorchoimeádais na Beilge, cumhdaítear leis an leibhéal lárnach rialtais, an rialtas feidearálach agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla inniúla ag gach ceann acu. Chun críocha fhorchoimeádais an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais san Fhionlainn Oileáin Åland. Tá feidhm ag forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal na Sile maidir le beart de chuid an rialtais láir nó de chuid rialtais áitiúil.

10. Ní áirítear i sceideal Páirtí bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta ar gá do dhuine nádúrtha nó dlítheanach iad a chomhlíonadh chun údarú a fháil, a leasú nó a athnuachan, i.e. ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú, i gcás nach teorannú iad de réir bhrí Airteagal 25.3, 25.6 nó 25.7. Féadfar a chur san áireamh leis na bearta sin an gá údarú a fháil, a bheith cláraithe, oibleagáidí seirbhíse uilíche a chomhlíonadh, cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith gnóthaithe, pas i scrúduithe sonracha a ghnóthú, lena n-áirítear scrúduithe teanga, ceanglas ballraíochta i ngairm áirithe a chomhlíonadh, amhail ballraíocht in eagraíocht ghairmiúil, gníomhaire áitiúil a bheith ar fáil le haghaidh seirbhíse, nó seoladh áitiúil a choinneáil, nó aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach eile lena dtoirmeasctar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna nó limistéir chosanta. Cé nach liostaítear iad i sceideal an Pháirtí, féadfaidh feidhm a bheith ag bearta mar sin.

11. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le hoibleagáid an Pháirtí AE chun cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear an ceanglas maidir leis an gcóir chéanna a dheonaítear i mBallstát, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a leathnú chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid na Sile, ná maidir le haon bheart a ghlactar de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear a gcur chun feidhme i mBallstát, a leathnú chuig:

(a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí Ballstáit eile; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas Eorpach.

12. Maidir le cóir a dheonaítear do dhaoine dlítheanacha arna mbunú ag infheisteoirí Páirtí, i gcomhréir le dlí an Pháirtí eile (lena n-áirítear, i gcás an Pháirtí AE, dlí Ballstáit) agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Pháirtí eile sin, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinníoll nó oibleagáid de bhun Chaibidil 17, a d'fhéadfadh a bheith forchurtha ar an duine dlítheanach sin nuair a bunaíodh é sa Pháirtí eile sin, agus a leanfaidh de bheith infheidhme.

13. Murab ionann agus fochuideachtaí eachtracha, maidir le brainsí a bhunaíonn institiúid airgeadais go díreach i mBallstát, i gcás nach institiúid airgeadais Eorpach í, níl na brainsí sin, ach amháin i gcás eisceachtaí teoranta áirithe, faoi réir rialacháin stuamachta arna gcomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a chuireann ar a gcumas do na fochuideachtaí sin tairbhe a bhaint as saoráidí feabhsaithe chun bunaíochtaí nua a chur ar bun agus seirbhísí trasteorann a sholáthar ar fud an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, faigheann na brainsí sin údarú chun oibriú i gcríoch Ballstáit faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí airgeadais intíre an Bhallstáit sin, agus féadfar go mbeidh roinnt ceanglas stuamachta le comhlíonadh acu, amhail, i gcás baincéireachta agus urrús, caipitliú ar leithligh agus ceanglais eile maidir le sócmhainneacht nó ceanglais maidir le tuairisciú agus cuntais a fhoilsiú nó, i gcás árachais, ceanglais shonracha maidir le ráthaíocht agus taisce, caipitliú ar leithligh, agus logánú sa Bhallstát lena mbaineann na sócmhainní arb iad na cúlchistí teicniúla agus an tríú cuid ar a laghad den chorrlach sócmhainneachta.

14. I gcás na Sile, féadfaidh *Comisión para el Mercado Financiero* (Coimisiún na Margaí Airgeadais) agus eintitis phoiblí eile, daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha atá páirteach i margadh airgeadais na Sile a rialú, a mhaoirsiú agus a údarú. Ní mór do dhaoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha, intíre agus eachtrach araon, na ceanglais agus na hoibleagáidí neamh-idirdhealaitheacha a bhaineann le rialú na hearnála airgeadais a chomhlíonadh, agus féadfaidh sé go mbeidh orthu roinnt ceanglas stuamachta sonrach a chomhlíonadh, amhail caipitliú ar leithligh, ceanglais dhlíthiúla maidir le hoidhreacht, ceanglais maidir le sócmhainneacht, ceanglais maidir le tuairisciú agus cuntais a fhoilsiú, nós imeachta bunreachtúil, ceanglais shonracha maidir le ráthaíochtaí agus taiscí.

15. Níl feidhm ag sceidil na bPáirtithe ach amháin maidir le críocha na Sile agus an Pháirtí AE i gcomhréir le hAirteagal 41.2 agus níl siad ábhartha ach amháin i gcomhthéacs an chaidrimh trádála idir an Páirtí AE agus an tSile. Ní dhéanann siad difear do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

16. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, forchoimeádann gach Páirtí an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le soláthar trasteorann maidir le gach earnáil, fo-earnáil agus gníomhaíocht le haghaidh seirbhísí airgeadais nach sonraítear i Roinn A.

17. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i sceidil na bPáirtithe:

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

AT An Ostair

BE An Bheilg

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

EL An Ghréig

ES An Spáinn

FI An Fhionlainn

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

NL An Ísiltír

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

CMF *Comisión para el Mercado Financiero* (Coimisiún na Margaí Airgeadais)

Foscríbhinn 25-1

AN PÁIRTÍ AE: GEALLTANAIS MAIDIR LE FORCHOIMEÁDAIS AGUS ROCHTAIN AR AN MARGADH

ROINN A

TRÁDÁIL TRASTEORANN I SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Is iad seo a leanas na fo-earnálacha agus na gníomhaíochtaí sonracha a bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 25.7 maidir leo:

Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas

In AE, cé is moite de CY, EE, LV, LT, MT agus PL:

1. Árachas maidir le rioscaí a bhaineann le:

   (a) iompar muirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta, lena n-áirítear satailítí, agus an t-árachas sin le hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin a chumhdach; agus

   (b) earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta;

2. Athárachas agus aisghéilleadh;

3. Seirbhísí cúnta árachais dá dtagraítear i bhfomhír (d)(i)(D) d'Airteagal 25.2; agus

4. Idirghabháil árachais, amhail idirghabháil bróicéireachta agus gníomhaireachta, i dtaca le rioscaí árachais a bhaineann leis na seirbhísí a liostaítear i bhfomhíreanna (a) agus (b) de mhír 1.

In CY:

1. Seirbhísí árachais díreacha (lena n-áirítear comhárachas) le haghaidh árachas rioscaí a bhaineann le:

   (a) iompar muirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta, lena n-áirítear satailítí, agus an t-árachas sin le hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin a chumhdach; agus

   (b) earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta;

2. Idirghabháil árachais;

3. Athárachas agus aisghéilleadh; agus

4. Seirbhísí cúnta árachais dá dtagraítear i bhfomhír (d)(i)(D) d'Airteagal 25.2.

In EE:

1. Árachas díreach (lena n-áirítear comhárachas);

2. Athárachas agus aisghéilleadh;

3. Idirghabháil árachais; agus

4. Seirbhísí cúnta árachais dá dtagraítear i bhfomhír (d)(i)(D) d'Airteagal 25.2.

In LV agus LT:

1. Árachas maidir le rioscaí a bhaineann le:

   (a) iompar muirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta, lena n-áirítear satailítí, agus an t-árachas sin le hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin a chumhdach; agus

(b) earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta;

2. Athárachas agus aisghéilleadh; agus

3. Seirbhísí cúnta árachais dá dtagraítear i bhfomhír (d)(i)(D) d'Airteagal 25.2.

In MT:

1. Árachas maidir le rioscaí a bhaineann le:

(a) iompar muirí, eitlíocht tráchtála agus spáslainseáil agus lasta, lena n-áirítear satailítí, agus an t-árachas sin le hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin a chumhdach; agus

(b) earraí in idirthuras idirnáisiúnta;

2. Athárachas agus aisghéilleadh; agus

3. Seirbhísí cúnta árachais dá dtagraítear i bhfomhír (d)(i)(D) d'Airteagal 25.2.

In PL:

1. Árachas rioscaí a bhaineann le hearraí i dtrádáil idirnáisiúnta;

2. Athárachas agus aisghéilleadh rioscaí a bhaineann le hearraí i dtrádáil idirnáisiúnta; agus

3. Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas).

In AE, cé is moite de BE, CY, EE, LV, LT, MT, SI agus RO:

1. Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2; agus

2. Seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(L) d'Airteagal 25.2, cé is moite d'idirghabháil dá dtagraítear san fhomhír sin.

In BE:

Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2.

In CY:

1. Trádáil dílseánaigh nó trádáil do chuntais custaiméirí in urrúis in-aistrithe, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile; dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(F)(5) d'Airteagal 25.2;

2. Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2; agus

3. Seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(L) d'Airteagal 25.2, cé is moite d'idirghabháil dá dtagraítear san fhomhír sin.

In EE agus LT:

1. Glacadh le taiscí;

2. Gach cineál iasachta;

3. Léasú airgeadais;

4. Gach seirbhís íocaíochta agus gach seirbhís tarchurtha airgid;

5. Ráthaíochtaí agus gealltanais;

6. Trádáil dílseánaigh nó trádáil do chuntais custaiméirí, cibé acu ar mhalartán nó i margadh thar an gcuntar;

7. Rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrúchán mar ghníomhaire, cibé acu go poiblí nó go príobháideach, agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den sórt sin;

8. Bróicéireacht airgid;

9. Bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid thirim nó punainne, agus gach cineál comhinfheistíochta;

10. Seirbhísí bainistíochta, cumhdaigh, taisclainne agus iontaoibhe;

11. Seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha agus ionstraimí soshannta eile;

12. Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2; agus

13. Seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(L) d'Airteagal 25.2, cé is moite d'idirghabháil dá dtagraítear san fhomhír sin.

In LV:

1. Rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrúchán mar ghníomhaire, cibé acu go poiblí nó go príobháideach, agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den sórt sin;

2. Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2; agus

3. Seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(L) d'Airteagal 25.2, cé is moite d'idirghabháil dá dtagraítear san fhomhír sin.

In MT:

1. Glacadh le taiscí;

2. Gach cineál iasachta;

3. Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2; agus

4. Seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(L) d'Airteagal 25.2, cé is moite d'idirghabháil dá dtagraítear san fhomhír sin.

In RO:

1. Glacadh le taiscí;

2. Gach cineál iasachta;

3. Ráthaíochtaí agus gealltanais;

4. Bróicéireacht airgid;

5. Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2; agus

6. Seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(L) d'Airteagal 25.2, cé is moite d'idirghabháil dá dtagraítear san fhomhír sin.

In SI:

1. Gach cineál iasachta;

2. Glacadh le ráthaíochtaí agus gealltanais ó institiúidí creidmheasa eachtracha arna dhéanamh ag eintitis dhlítheanacha náisiúnta agus ag dílseánaigh aonair;

3. Faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(K) d'Airteagal 25.2; agus

4. Seirbhísí airgeadais comhairleacha agus seirbhísí airgeadais cúnta eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile dá dtagraítear i bhfomhír (d)(ii)(L) d'Airteagal 25.2, cé is moite d'idirghabháil dá dtagraítear san fhomhír sin.

ROINN B

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH I nDÁIL LE LÉIRSCAOILEADH INFHEISTÍOCHTA

1. Tá gealltanais ann maidir leis na fo-earnálacha agus na gníomhaíochtaí seo a leanas i ndáil le léirscaoileadh infheistíochta:

In AE: Gach seirbhís airgeadais.

2. Tá feidhm ag na teorainneacha neamh-idirdhealaitheacha seo a leanas i ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Rochtain ar an margadh:

Gach seirbhís airgeadais

In AE: An ceart chun ceangal a chur ar sholáthróir seirbhísí airgeadais, cé is moite de bhrainse, foirm dhlíthiúil shonrach a ghlacadh agus é ag bunú i mBallstát, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

Árachas agus seirbhísí a bhaineann le árachas

In AT: Chun ceadúnas a fháil le hoifig brainse a oscailt, ní mór d'árachóirí eachtracha foirm dhlíthiúil a bheith acu a chomhfhreagraíonn do chuideachta comhstoic nó comhlachas árachais fhrithpháirtigh ina dtír bhaile, nó atá inchomparáide leis an gcuideachta nó comhlachas sin.

Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

In RO: Is daoine dlítheanacha arna mbunú mar chuideachtaí comhstoic iad oibreoirí margaidh i gcomhréir le forálacha an dlí Cuideachta. Is féidir le hoibreoir córais arna chur ar bun faoi na coinníollacha a bhfuil tuairisc orthu thuas nó gnólacht infheistíochta atá údaraithe ag ASF (Autoritatea de Supraveghere Financiară – an tÚdarás Maoirseachta Airgeadais) córais trádála mhalartacha (Saoráid trádála iltaobhach (MTF)) a bhainistiú de bhun Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] (Treoir MiFID II).

In SI: Féadfar scéim pinsin a sholáthar trí chiste frithpháirteach pinsin (nach eintiteas dlítheanach é agus, mar sin, a ndéanann cuideachta árachais, banc nó cuideachta pinsin é a bhainistiú), cuideachta pinsin nó cuideachta árachais. Ina theannta sin, is féidir le soláthraithe scéime pinsin scéim pinsin a sholáthar a bhunaítear i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme i mBallstát.

In SK: Maidir le seirbhísí infheistíochta, ní fhéadfaidh ach cuideachtaí bainistíochta iad a sholáthar, is é sin, cuideachtaí a bhfuil foirm dhlíthiúil de chuideachta comhstoic acu agus ag a bhfuil caipiteal cothromais i gcomhréir leis an dlí.

In SE: Ní mór do bhunaitheoir bainc taisce a bheith ina dhuine nádúrtha.

[1] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO EU L 173, 12.6.2014, lgh. 349).

ROINN C

BEARTA ATÁ ANN CHEANA

Forchoimeádas Uimh. 1: Fo-earnáil: Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas

An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
	Cóir an náisiúin barrfhabhair
	Láithreacht áitiúil
Leibhéal rialtais:	AE/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, cóir an náisiúin barrfhabhair:

In IT: Rochtain ar ghairm na hachtúireachta trí dhaoine nádúrtha amháin. Tá comhlachais ghairmiúla (gan corprú) i measc daoine nádúrtha ceadaithe. Tá náisiúntacht an Aontais Eorpaigh ina ceanglas chun gairm na hachtúireachta a chleachtadh, ach amháin i gcás gairmithe eachtracha a bhféadfaí cead cleachtaidh a thabhairt dóibh bunaithe ar chómhalartacht.

Bearta:

IT: Airteagal 29 de chód an árachais phríobháidigh (Foraithne reachtach uimh. 209 an 7 Meán Fómhair 2005); agus Dlí 194/1942, Airteagal 4, Dlí 4/1999 ar an gclár.

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BG: Is mar chuideachta comhstoic atá ceadúnaithe i gcomhréir leis an gCód Árachais Shóisialta agus atá cláraithe faoin Acht um Thráchtáil nó faoi reachtaíocht Ballstáit eile (ní cheadaítear brainsí) a chuirfear árachas pinsin ar fáil.

In BG, ES, PL agus PT: Níl brainsiú díreach ceadaithe le haghaidh idirghabháil árachais, rud atá forchoimeádta do chuideachtaí a bunaíodh i gcomhréir le dlí Ballstáit (tá corprú áitiúil ina cheanglas). Maidir le PL, tá ceanglas cónaithe ar idirghabhálaithe árachais.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In PL: I gcás cistí pinsin. Níl brainsiú díreach ceadaithe le haghaidh idirghabháil árachais, rud atá forchoimeádta do chuideachtaí a bunaíodh i gcomhréir le dlí Ballstáit (tá corprú áitiúil ina cheanglas).

Bearta:

BG: Cód Árachais, Airteagail 12, 56-63, 65, 66 agus 80 mír 4, Cód Árachais Shóisialta, Airteagail 120 a–162, Airteagail 209–253, Airteagail 260–310.

ES: Reglamento de Ordenación, Supervisión y Solvencia de Entidades Aseguradoras y Reaseguradoras (RD 1060/2015, de 20 de noviembre de 2015), Airteagal 36.

PL: An tAcht um ghníomhaíocht árachais agus athárachais an 11 Meán Fómhair 2015 (Iris Dlíthe 2020, míreanna 895 agus 1180); An tAcht maidir le dáileadh árachais an 15 Nollaig 2017 (Iris Dlíthe 2019, mír 1881); An tAcht maidir le heagrú agus oibriú cistí pinsean an 28 Lúnasa 1997 (Iris Dlíthe 2020, mír 105); Acht an 6 Márta 2018 maidir le rialacha i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíoch fiontraithe eachtracha agus daoine eachtracha eile i gcríoch PL.

PT: Airteagal 7 de Dhlí Foraithne 94-B/98 arna chúlghairm le Dlí Foraithne 2/2009, an 5 Eanáir; agus Caibidil I, Roinn VI de Dhlí Foraithne 94-B/98, Airteagail 34, uimh. 6, 7, agus Airteagal 7 de Dhlí Foraithne 144/2006, arna chúlghairm le Dlí 7/2019, an 16 Eanáir. Airteagal 8 den chóras dlí lena rialaítear an gnó dáilte árachais agus athárachais, arna fhormheas le Dlí 7/2019, an 16 Eanáir.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In AT: Is éard a bheidh i mbainistíocht oifige brainse beirt nádúrtha ar a laghad a bhfuil cónaí orthu in AT.

In BG: Ceanglas cónaithe ar chomhaltaí comhlachta bainistíochta agus maoirseachta de ghnóthais (ath)árachais agus ar gach duine atá údaraithe chun bainistíocht nó ionadaíocht a dhéanamh ar an ngnóthas (ath)árachais.

Ní mór do chathaoirleach an bhoird bainistíochta, cathaoirleach an bhoird stiúrthóirí, an stiúrthóir feidhmiúcháin agus gníomhaire bainistíochta cuideachtaí árachais pinsin seoladh buan nó cead cónaithe marthanach a bheith acu sa Bhulgáir.

Bearta:

AT: An tAcht um Maoirseacht Árachais 2016, Airteagal 14 mír 1 uimh. 3, Iris Dlí Chónaidhme I Uimh. 34/2015 (Versicherungsaufsichtsgesetz 2016, § 14 Abs. 1 Z 3, BGBl. I Nr. 34/2015).

BG: Cód Árachais, Airteagail 12, 56-63, 65, 66 agus 80 mír 4, Cód Árachais Shóisialta, Airteagail 120a–162, Airteagail 209–253, Airteagail 260–310.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In BG: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht chun árachas a sholáthar, ní mór go mbeadh árachóir eachtrach údaraithe chun oibriú ina thír thionscnaimh sna haicmí árachais céanna leis na haicmí árachais ar mian leis a sholáthar i BG.

Maidir le hioncam chistí forlíontacha na bpinsean deonach, chomh maith le hioncam cosúil leis atá ceangailte go díreach le hárachas pinsin deonach arna chur ar fáil ag daoine atá cláraithe faoi reachtaíocht Ballstáit eile agus a fhéadfaidh, i gcomhréir leis an reachtaíocht lena mbaineann, oibríochtaí árachais pinsin dheonaigh a dhéanamh, ní bheidh an t-ioncam sin inchánach i gcomhréir leis an nós imeachta a bunaíodh leis an Acht um Cháin Ioncaim Chorparáideach.

In ES: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht in ES chun aicmí áirithe árachais a sholáthar, ní mór údarú a bheith faighte ag árachóir eachtrach chun oibriú sna haicmí céanna árachais ina thír thionscnaimh ar feadh 5 bliana ar a laghad.

In PT: D'fhonn brainse nó gníomhaireacht a bhunú, ní mór údarú a bheith faighte ag gnóthais árachais eachtracha chun gabháil do ghnó árachais nó athárachais, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Bearta:

BG: Cód Árachais, Airteagail 12, 56-63, 65, 66 agus 80 mír 4, Cód Árachais Shóisialta, Airteagal 120a–162, Airteagal 209–253, Airteagal 260–310.

ES: Reglamento de Ordenación, Supervisión y Solvencia de Entidades Aseguradoras y Reaseguradoras (RD 1060/2015, de 20 de noviembre de 2015), Airteagal 36.

PT: Airteagal 7 de Dhlí Foraithne 94-B/98 agus Caibidil I, Roinn VI de Dhlí Foraithne 94-B/98, Airteagal 34, uimh. 6, 7, agus Airteagal 7 de Dhlí Foraithne 144/2006; Airteagal 215 den chóras dlí lena rialaítear dul i mbun agus saothrú ghnó an árachais agus an athárachais, arna fhormheas le Dlí 147/2005, an 9 Meán Fómhair.

I ndáil le hInfheistíocht – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta:

In AT: Tá cosc ar ghníomhaíocht fógraíochta agus idirghabháil thar ceann fochuideachta nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach agus thar ceann brainse nach bhfuil bunaithe in AT (seachas athárachas agus aisghéilleadh).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In DK: Cé is moite de chuideachtaí árachais atá ceadúnaithe faoi dhlí na Danmhairge nó ag údaráis inniúla na Danmhairge, ní fhéadfaidh aon daoine ná aon chuideachta (cuideachtaí árachais san áireamh), chun críoch gnó, cuidiú le hárachas díreach a shocrú do dhaoine atá ina gcónaí in DK, do longa Danmhargacha ná do réadmhaoin in DK.

In DE, HU agus LT: Tá bunú agus údarú brainse ina cheanglas chun gur féidir le cuideachtaí árachais nach bhfuil corpraithe san Aontas Eorpach seirbhísí árachais dhírigh a sholáthar.

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Cóir náisiúnta, Láithreacht áitiúil:

In EL: Féadfaidh gnóthais árachais agus athárachais a bhfuil a gceannoifigí i dtríú tíortha oibriú sa Ghréig trí fhochuideachta nó brainse a bhunú, i gcás nach bhfuil aon fhoirm dhlíthiúil shonrach ag brainse sa chás seo toisc go gciallaíonn sé go bhfuil láithreacht bhuan i gcríoch Ballstáit (i.e. EL) ag gnóthas a bhfuil ceannoifig aige lasmuigh den Aontas Eorpach, a fhaigheann údarú sa Bhallstát sin (EL) agus a shaothraíonn gnó árachais.

In SE: Níl soláthar árachais dhírigh ó árachóir eachtrach ceadaithe ach trí idirghabháil ó sholáthróir seirbhíse árachais atá údaraithe in SE, ar choinníoll go mbaineann an t-árachóir eachtrach agus an chuideachta árachais Shualannach leis an ngrúpa céanna cuideachtaí nó go bhfuil comhaontú comhair i bhfeidhm eatarthu. Tá bunú láithreachta tráchtála ina cheanglas (ceanglas láithreachta áitiúla) chun gur féidir le gnóthais nach bhfuil corpraithe in LEE seirbhísí idirghabhála árachais a sholáthar.

In SK: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach nó oifig brainse de chuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach agus atá údaraithe in SK, árachas aeriompair agus muiriompair, lena gcumhdaítear an t-aerárthach/an soitheach agus an fhreagracht, a fhrithghealladh.

Bearta

AT: An tAcht um Maoirseacht Árachais 2016, Airteagal 13 míreanna 1 agus. 2, Iris Oifigiúil I Uimh. 34/2015 (Versicherungsaufsichtsgesetz 2016, § 13 Abs. 1 und 2, BGBl. I Nr. 34/2015).

DE: Versicherungsaufsichtsgesetz (VAG) le haghaidh gach seirbhíse árachais; i dtaca le Luftverkehrs-Zulassungs-Ordnung (LuftVZO) le haghaidh árachais dliteanais éigeantaigh amháin.

DK: Lov om finansiel virksomhed jf. lovbekendtgørelse 182 af 18. februar 2015.

EL: Airteagal 130 de Dhlí 4364/ 2016 (Iris Rialtais 13/ A/ 05.02.2016).

HU: Acht LX de 2003.

LT: An Dlí um Árachas, an 18 Meán Fómhair, 2003 m. Uimh. IX-1737, arna leasú go deireanach an 13 Meitheamh 2019 Uimh. XIII-2232.

SE: Lag om försäkringsförmedling (Insurance Distribution Mediation Act) (Caibidil 3, alt 3, 2018:1219); agus an tAcht um Ghnó Árachóirí Eachtracha sa tSualainn (Caibidil 4, ranna 1 agus 10, 1998:293).

SK: Acht 39/2015 um árachas.

Forchoimeádas Uimh. 2: Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Láithreacht áitiúil
Leibhéal rialtais:	AE/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BG: Tá institiúidí airgeadais neamhbhainc faoi réir córais chlárúcháin le Banc Náisiúnta na Bulgáire chun gníomhaíochtaí iasachtaithe a shaothrú le cistí nach dtiomsaítear trí thaiscí nó trí chistí inaisíoctha eile a ghlacadh, sealúchais a fháil in institiúid chreidmheasa nó in institiúid airgeadais eile, léasú airgeadais, idirbhearta a ráthú, éileamh ar iasachtaí agus cineálacha eile maoinithe a fháil (fachtóireacht, forfáidiú, etc.). Beidh príomhghnó na hinstitiúide airgeadais ar chríoch BG.

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BG: Féadfaidh bainc nach bainc de chuid LEE iad gníomhaíocht baincéireachta in BG a shaothrú tar éis dóibh ceadúnas a fháil ó Bhanc Náisiúnta na Bulgáire chun dul i mbun gníomhaíochtaí gnó agus iad a shaothrú in BG trí bhrainse.

In IT: Chun údarú a fháil chun an córas um shocrú urrús a oibriú nó seirbhísí lárnacha um thaiscí urrúis a sholáthar le bunaíocht san Iodáil, ceanglaítear ar chuideachta a bheith corpraithe san Iodáil (ní cheadaítear brainsí).

I gcás scéimeanna comhinfheistíochta seachas gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe ('UCITS') arna gcomhchuibhiú faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, tá sé ina cheanglas go mbeadh an t-iontaobhaí nó an taisceánach bunaithe in IT nó i mBallstát eile agus brainse a bheith acu in IT.

Tá sé ina cheanglas freisin go mbeadh fiontair bhainistíochta le haghaidh cistí infheistíochta nach bhfuil comhchuibhithe faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh corpraithe in IT (ní cheadaítear brainsí).

Ní fhéadfaidh ach bainc, fiontair árachais, fiontair infheistíochta agus gnóthais a dhéanann bainistíocht ar UCITS arna gcomhchuibhiú faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a gceannoifig dhlíthiúil san Aontas, chomh maith le UCITS atá corpraithe in IT, bainistíocht a dhéanamh ar acmhainn ciste pinsin.

Agus an ghníomhaíocht díolta ó dhoras go doras á soláthar acu, ní mór d'idirghabhálaithe úsáid a bhaint as díoltóirí airgeadais údaraithe a bhfuil cónaí orthu laistigh de chríoch Ballstáit.

Ní féidir le hoifigí ionadaíochta idirghabhálaithe nach idirghabhálaithe den Aontas Eorpach iad gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar sheirbhísí infheistíochta a sholáthar, lena n-áirítear trádáil dílseánaigh agus trádáil do chuntais custaiméirí, socrú agus frithghealladh ionstraimí airgeadais (brainse ina cheangal).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In PT: I gcás bainistíocht cistí pinsin, ní fhéadfaidh ach cuideachtaí speisialaithe atá corpraithe in PT chun na críche sin í a sholáthar, chomh maith le cuideachtaí árachais atá bunaithe in PT agus atá údaraithe chun dul i mbun gnó árachais saoil, nó eintitis atá údaraithe chun bainistíocht cistí pinsin a sholáthar i mBallstáit eile. Ní cheadaítear brainsí díreacha ó thíortha nach Ballstáit an Aontais Eorpaigh iad.

Bearta:

BG: An Dlí um Institiúidí Creidmheasa, Airteagal 2, mír 5, Airteagal 3a agus Airteagal 17; An Cód Árachais Shóisialaigh, Airteagail 121, 121b, 121f; agus an Dlí Airgeadra, Airteagal 3.

IT: Foraithne Reachtach 58/1998, Airteagail 1,19, 28, 30-33, 38, 69 agus 80; Comhrialachán Bhanc na hIodáile agus Consob 22.2.1998, Airteagail 3 agus 41; Rialachán Bhanc na hIodáile 25.1.2005; Teideal V, Caibidil VII, Roinn II, Rialachán Consob 16190 an 29.10.2007, Airteagail 17-21, 78-81, 91-111; agus atá faoi réir: Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

PT: Dlí Foraithne 12/2006, arna leasú le Dlí Foraithne 180/2007 Dlí Foraithne 357-A/2007, Rialachán 7/2007-R, arna leasú le Rialachán 2/2008-R, Rialachán 19/2008-R, Rialachán 8/2009; agus Airteagal 3 den chóras dlí lena rialaítear bunú agus feidhmiú cistí pinsean agus a n-eintitis bhainistíochta arna bhformheas le Dlí 27/2020, an 23 Iúil.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

HU: Ní fhéadfaidh brainsí de chuideachtaí neamh-LEE um bainistíocht cistí infheistíochta gabháil do bhainistíocht chistí infheistíochta de chuid an Aontais Eorpaigh agus ní fhéadfaidh siad seirbhísí bainistíochta sócmhainne a sholáthar do chistí pinsin príobháideacha.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO AE L 257, 28.8.2014. lch. 1).

Bearta:

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In BG: Déanfaidh ar a laghad beirt an banc a bhainistiú agus a ionadú go comhpháirteach. Beidh na daoine a dhéanann bainistiú agus ionadaíocht ar an mbanc i láthair go pearsanta ag a sheoladh bainistíochta. Ní fhéadfaidh daoine dlítheanacha a bheith ina gcomhaltaí tofa ar an mbord bainistíochta ná ar bhord stiúrthóirí bainc.

Bearta:

BG: An Dlí um Institiúidí Creidmheasa, Airteagal 10; Cód Árachais Shóisialta, Airteagal 121e; agus an Dlí Airgeadra, Airteagal 3.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

HU: Ní mór beirt chomhaltaí ar a laghad ar bhord stiúrthóirí institiúide creidmheasa a bheith aitheanta mar chónaitheach i gcomhréir le rialacháin um malairt eachtrach, agus buanchónaí in HU a bheith orthu roimhe sin ar feadh bliana amháin ar a laghad.

Bearta:

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

I ndáil le Trádáil i seirbhísí trasteorann – Láithreacht áitiúil:

In HU: Is trí bhrainse in HU amháin a fhéadfaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de LEE iad seirbhísí airgeadais a sholáthar nó gabháil do ghníomhaíochtaí cúnta do sheirbhísí airgeadais.

Bearta:

HU: Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; Acht CCXXXVII de 2013 maidir le hInstitiúidí Creidmheasa agus Fiontair Airgeadais; agus Acht CXX de 2001 maidir leis an Margadh Caipitil.

ROINN D

BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Forchoimeádas Uimh. 1: Fo-earnáil: Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas

An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta Láithreacht áitiúil
Leibhéal rialtais:	AE/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In BG: Ní féidir le cuideachtaí árachais eachtracha árachas iompair a fhrithghealladh go díreach, ar árachas é lena gcumhdaítear earraí, árachas feithiclí dá réir agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite sa Bhulgáir.

In DE: Má tá brainse bunaithe sa Ghearmáin ag cuideachta árachais eachtrach, ní fhéadfaidh sé conarthaí árachais a thabhairt i gcrích sa Ghearmáin maidir le hiompar idirnáisiúnta ach amháin tríd an mbrainse atá bunaithe sa Ghearmáin.

Bearta atá ann cheana:

DE: Luftverkehrsgesetz (LuftVG); agus Luftverkehrszulassungsordnung (LuftVZO).

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In ES: Tá cónaí ina cheanglas chun gabháil do ghairm an achtúire, nó mar rogha mhalartach, 2 bhliain de thaithí.

In FI: Tá soláthar seirbhísí bhróicéara árachais faoi réir buanáit ghnó san Aontas Eorpach.

Ní fhéadfaidh ach árachóirí ag a bhfuil ceannoifig san Aontas Eorpach nó ag a bhfuil brainse san Fhionlainn seirbhísí árachais dhírigh, lena n-áirítear comhárachas, a thairiscint.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki ulkomaisista vakuutusyhtiöistä (An tAcht um Chuideachtaí Árachais Eachtracha) (398/1995);

Vakuutusyhtiölaki (An tAcht um Chuideachtaí Árachais) (521/2008);

Laki vakuutusedustuksesta (An tAcht um Dháileadh Árachais) (234/2018).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FR: Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach árachas rioscaí a bhaineann le hiompar de thalamh a fhrithghealladh.

Bearta atá ann cheana:

In FR: Code des assurances.

In HU: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha den Aontas Eorpach agus brainsí atá cláraithe san Ungáir seirbhísí árachais dhírigh a sholáthar.

Bearta atá ann cheana:

HU: Acht LX de 2003.

In IT: Árachas iompair earraí, árachas feithiclí agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite san Iodáil, ní féidir ach le cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach iad a fhrithghealladh, cé is moite d'iompar idirnáisiúnta lena mbaineann allmhairí isteach san Iodáil.

Ní cheadaítear soláthar trasteorann seirbhísí achtúireacha.

Bearta atá ann cheana:

IT: Airteagal 29 de chód an árachais phríobháidigh (Foraithne reachtach Uimh. 209 an 7 Meán Fómhair 2005).

I ndáil le léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In PT: Ní féidir ach le fiontair an Pháirtí AE árachas aeriompair agus muiriompair a fhrithghealladh, lena gcumhdaítear earraí, aerárthaí, cabhail agus dliteanas. Ní féidir ach le daoine nó cuideachtaí atá bunaithe sa Pháirtí AE gníomhú mar idirghabhálaithe do ghnó árachais den sórt sin in PT.

Bearta atá ann cheana:

PT: Airteagal 3 de Dhlí 147/2015, Airteagal 8 de Dhlí 7/2019.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In SK: Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha cuideachta árachais a bhunú i bhfoirm cuideachta comhstoic nó féadfaidh siad gnó árachais a stiúradh trína mbrainsí a bhfuil oifig chláraithe acu i bPoblacht na Slóvaice. Sa dá chás, tá an t-údarú faoi réir measúnú arna dhéanamh ag an údarás maoirseachta.

Bearta atá ann cheana:

SK: An tAcht 39/2015 um Árachas.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FI: Leathchuid ar a laghad de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí agus an bhoird maoirseachta, chomh maith le stiúrthóir bainistíochta cuideachta árachais a sholáthraíonn árachas pinsin reachtúil, beidh a n-áit chónaithe acu in LEE, ach amháin má tá díolúine deonaithe dóibh ag na húdaráis inniúla. Ní féidir le hárachóirí eachtracha ceadúnas a fháil in FI mar bhrainse chun a bheith ag gabháil d'árachas pinsin reachtúil. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE.

Maidir le cuideachtaí árachais eile, tá sé ina cheanglas comhalta amháin den bhord stiúrthóirí, an bord maoirseachta agus an stiúrthóir bainistíochta ar a laghad a bheith ina chónaí in LEE. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE. Ní mór don ghníomhaire ginearálta atá ag cuideachta árachais de chuid na Sile a áit chónaithe a bheith aige san Fhionlainn, mura bhfuil ceannoifig na cuideachta san Aontas Eorpach.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki ulkomaisista vakuutusyhtiöistä (An tAcht um Chuideachtaí Árachais Eachtracha) (398/1995); Vakuutusyhtiölaki (An tAcht um Chuideachtaí Árachais) (521/2008);

Laki vakuutusedustuksesta (An tAcht um Idirghabháil Árachais) (570/2005);

Laki vakuutusedustuksesta (An tAcht um Dháileadh Árachais) (234/2018); agus

Laki työeläkevakuutusyhtiöistä (An tAcht um Chuideachtaí a sholáthraíonn árachas pinsin reachtúil) (354/1997).

Forchoimeádas Uimh. 2: Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

An cineál forchoimeádais:	Cóir náisiúnta
	Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
	Láithreacht áitiúil
Leibhéal rialtais:	AE/Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta agus Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In AE: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha ag a bhfuil a n-oifig chláraithe san Aontas Eorpach gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí infheistíochta. Tá bunaíocht cuideachta bainistíochta speisialaithe, ag a bhfuil a ceannoifig agus a hoifig chláraithe sa Bhallstát céanna, ina ceanglas chun bainistíocht comhchistí a dhéanamh, lena n-áirítear iontaobhais aonad, agus, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta, cuideachtaí infheistíochta.

Bearta atá ann cheana:

AE: Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]); agus Treoir 2011/61/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

([3]) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúchán agus riaracháin a bhaineann le gnóthais i gcomhair comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS) (IO AE L 302, 17.11.2009, lch. 32).

([4]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO AE L 174, 1.7.2011, lch. 1).

In EE: Chun glacadh le taiscí, tá údarú ó Údarás Maoirseachta Airgeadais na hEastóine ina cheanglas, chomh maith le clárú faoi dhlí na hEastóine mar chuideachta comhstoic, fochuideachta nó brainse.

Bearta atá ann cheana:

EE: Krediidiasutuste seadus (Acht na n-Institiúidí Creidmheasa) § 206 agus § 21.

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta, Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí:

In FI: Ní mór do bhunaitheoir amháin d'institiúid creidmheasa ar a laghad agus comhalta amháin dá bord stiúrthóirí ar a laghad, chomh maith lena stiúrthóir bainistíochta, a bheith ina bhuanchónaitheoir nó, más duine dlítheanach é an bunaitheoir, a oifig cláraithe a bheith aige in LEE, ach amháin má dheonaíonn an tÚdarás Maoirseachta Airgeadais díolúine ón gceanglas sin. Féadfar an díolúine a dheonú mura gcuireann sí isteach ar mhaoirsiú éifeachtúil na hinstitiúide creidmheasa ná ar bhainistiú na hinstitiúide creidmheasa i gcomhréir le prionsabail ghnó fhónta stuama. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE.

I gcás seirbhísí íocaíochta, féadfaidh cónaí nó sainchónaí san Fhionlainn a bheith ina cheanglas.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki liikepankeista ja muista osakeyhtiömuotoisista luottolaitoksista (An tAcht um Bhainc Tráchtála agus Institiúidí Creidmheasa Eile i bhfoirm Cuideachta Teoranta) (1501/2001); Säästöpankkilaki (1502/2001) (An tAcht um Bhanc Taisce); Laki osuuspankeista ja muista osuuskuntamuotoisista luottolaitoksista (423/2013) (An tAcht um Chomharbhainc agus Institiúidí Creidmheasa Eile i bhFoirm Comharbhainc); Laki hypoteekkiyhdistyksistä (936/1978) (An tAcht um Chumainn Morgáiste); Maksulaitoslaki (297/2010) (An tAcht um Institiúidí Íocaíochta); Laki ulkomaisen maksulaitoksen toiminnasta Suomessa (298/2010) (An tAcht um Oibriú Institiúide Íocaíochta Eachtraí san Fhionlainn); agus Laki luottolaitostoiminnasta (An tAcht um Institiúidí Creidmheasa) (610/2014).

I ndáil le Léirscaoileadh infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In IT: Seirbhísí *consulenti finanziari* (comhairleoir airgeadais). Agus an ghníomhaíocht díolta ó dhoras go doras á soláthar acu, ní mór d'idirghabhálaithe úsáid a bhaint as díoltóirí airgeadais údaraithe a bhfuil cónaí orthu laistigh de chríoch Ballstáit.

Bearta atá ann cheana:

IT: Airteagail 91-111 de Rialachán Consob maidir le hIdirghabhálaithe (uimh. 16190 ón 29 Deireadh Fómhair 2007).

I ndáil le Trádáil trasteorann i seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

LT: Ní fhéadfaidh ach bainc a bhfuil a n-oifig chláraithe nó a mbrainse in LT acu agus atá údaraithe chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar in LEE gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí pinsin. Ní mór Liotuáinis a bheith ag ceannaire amháin ar a laghad de riarachán bainc agus buanchónaí a bheith air sin sa Liotuáin.

Bearta atá ann cheana:

LT: An Dlí maidir le Bainc i bPoblacht na Liotuáine an 30 Márta 2004 Uimh. IX-2085, arna leasú le Dlí Uimh. XIII-729 an 16 Samhain 2017; An Dlí maidir le Gnóthais Chomhinfheistíochta i bPoblacht na Liotuáine an 4 Iúil 2003 Uimh. IX-1709, arna leasú le Dlí Uimh. XIII-1872 an 20 Nollaig 2018; An Dlí maidir le Carnadh Pinsin Dheonaigh Fhorlíontaigh i bPoblacht na Liotuáine an 3 Meitheamh 1999 Uimh. VIII-1212 (arna leasú i nDlí Uimh. XII-70 an 20 Nollaig 2012); An Dlí maidir le hÍocaíochtaí Phoblacht na Liotuáine an 5 Meitheamh 2003 Uimh. IX-1596, arna leasú go deireanach an 17 Deireadh Fómhair 2019 Uimh. XIII-2488; agus an Dlí maidir le hInstitiúidí Íocaíochta Phoblacht na Liotuáine an 10 Nollaig 2009 Uimh. XI-549 (leagan nua den Dlí: Uimh. XIII-1093 an 17 Aibreán 2018).

Foscríbhinn 25-2

AN tSILE: FORCHOIMEÁDAIS AGUS GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

ROINN A

GEALLTANAIS MAIDIR LE TRÁDÁIL TRASTEORANN I SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh i ndáil le hAirteagal 25.7, ach amháin na fo-earnálacha agus na seirbhísí airgeadais seo a leanas a shainaithnítear i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ábhartha na Sile, agus faoi réir na dtéarmaí, na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a shonraítear thíos.

Maidir le gealltanais Páirtí maidir le seirbhísí comhairleacha infheistíochta trasteorann, tuigtear nach ndéanfar na gealltanais sin a fhorléiriú, iontu féin, mar cheangal ar an bPáirtí sin cead a thabhairt do sholáthróirí trasteorann an Pháirtí eile urrúis a sholáthar go poiblí (mar a shainítear faoina dhlíthe agus a rialacháin ábhartha) ina chríoch, i gcás ina bhfuil na soláthróirí sin ag soláthar seirbhísí comhairleacha infheistíochta den chineál sin nó ag féachaint lena soláthar. Féadfaidh Páirtí seirbhísí an tsoláthróra trasteorann a chur faoi réir ceanglais maidir le rialáil agus clárú, lena n-áirítear an ceanglas maidir leis an gcatagóir chéanna de sheirbhísí a sholáthar sa tír thionscnaimh agus a bheith faoi mhaoirseacht ina thír thionscnaimh.

Earnáil	Fo-earnáil
Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas	Díol árachais le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseála agus lasta (lena n-áirítear satailítí), agus le haghaidh earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta (lena n-áirítear earraí atá á n-iompar). Ní áirítear leis sin iompar náisiúnta ‘cabatáiste’.
	Bróicéirí árachais le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseála agus lasta (lena n-áirítear satailítí), agus le haghaidh earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta (lena n-áirítear na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin). Ní áirítear leis sin iompar náisiúnta ‘cabatáiste’.
	Athárachas agus aisghéilleadh; bróicéireacht athárachais; agus seirbhísí sainchomhairleoireachta, achtúireacha agus measúnaithe riosca.
Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas)	Soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus na bogearraí a bhaineann leis sin arna ndéanamh ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile.
	Seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí cúnta eile, cé is moite d’idirghabháil, agus teistiméireacht chreidmheasa agus anailís a bhaineann le baincéireacht agus seirbhísí airgeadais eile.

ROINN B

GEALLTANAIS MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH I nDÁIL LE LÉIRSCAOILEADH INFHEISTÍOCHTA

Forchoimeádann an tSile an ceart chun aon bheart a ghlacadh i ndáil le hAirteagal 25.6, ach amháin na fo-earnálacha agus na seirbhísí airgeadais seo a leanas a shainítear i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ábhartha na Sile, agus faoi réir na dtéarmaí, na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a shonraítear thíos:

1. Suas go pointe, tá earnáil seirbhísí airgeadais na Sile roinnte ina deighleoga, is é sin, na hinstitiúidí atá údaraithe chun oibriú mar bhainc, idir institiúidí intíre agus institiúidí eachtracha, ní féidir leo a bheith rannpháirteach go díreach i ngnó an árachais agus na n-urrús agus *vice versa*.

2. Forchoimeádann an tSile an ceart chun bearta a ghlacadh lena rialófar ilchuideachtaí airgeadais, lena n-áirítear na heintitis atá ina gcuid de chuideachtaí den chineál sin.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh
Gach seirbhís airgeadais	Féadfaidh an tSile, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, srian a chur le cineál sonrach eintitis dhlítheanaigh nó ceangal a fhorchur maidir le cineál sonrach eintitis dhlítheanaigh, lena n-áirítear corparáidí, brainsí eachtracha, oifigí ionadaíocha nó aon chineál eile láithreachta tráchtála, trína bhféadfaidh eintitis a oibríonn i ngach fo-earnáil seirbhísí airgeadais, seirbhísí airgeadais a sholáthar. Féadfaidh an tSile, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, srian a chur le cineál sonrach corparáide nó ceangal a fhorchur maidir le cineál sonrach corparáide.
Gach seirbhís árachais agus gach seirbhís- a bhaineann le hárachas	Tá gnó an árachais roinnte ina dhá chuid sa tSile: sa chéad ghrúpa, tá cuideachtaí a chuireann árachas ar fáil le haghaidh earraí agus maoine (*patrimonio*) i gcoinne an riosca caillteanais nó damáiste, agus sa dara grúpa, tá cuideachtaí a chumhdaíonn rioscaí pearsanta nó a ráthaíonn, laistigh de théarma áirithe nó ag deireadh an téarma sin, suim chaipitil, polasaí láníoctha nó ioncam don duine atá faoi árachas nó dá thairbhí. Ní fhéadfaidh aon chuideachta árachais amháin a bheith comhdhéanta sa chaoi go gcumhdaíonn sí an dá chatagóir riosca. Ní mór cuideachtaí árachais creidmheasa a bheith comhdhéanta mar eintitis dhlítheanacha ag a bhfuil cuspóir amháin, is é sin, an cineál sin riosca a chumhdach, mar shampla, caillteanas nó damáiste d'oidhreacht an duine faoi árachas mar thoradh ar neamhíoc fiachais airgid nó iasachta, ós rud é go bhfuil cead ag na cuideachtaí sin freisin rioscaí ráthaíochta agus dílseachta a chumhdach. Maidir le corparáidí árachais, ní fhéadfaidh siad a bheith comhdhéanta de réir dlí ach amháin i gcomhréir le forálacha an 'Dlí maidir le Corparáidí (*ley sobre sociedades anónimas*)'. Brainsí de chuideachtaí eachtracha a fhéadfaidh oibriú in earnáil árachais na Sile, ba cheart iad a bhunú sa tSile mar 'ghníomhaireacht corparáide eachtraí (*agencia de sociedad anónima extranjera*)' arna húdarú chun na gcríoch sin. Is féidir árachas a thógáil amach go díreach nó trí bhróicéirí árachais cláraithe, bróicéirí nach mór dóibh a bheith rollaithe sa chlár chun gabháil don ghníomhaíocht sin.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	
Árachas díreach	Díol árachais saoil dhírigh (ní áirítear leis sin árachas a bhaineann leis an gcóras slándála sóisialta) (CPC 81211).	Cuideachtaí árachais atá comhdhéanta sa tSile mar chorparáidí (*sociedades anónimas*) nó mar bhrainsí de chorparáidí eachtracha arb é an t-aon chuspóir atá acu an réim ghnó sin a fhorbairt, is iad na cuideachtaí sin amháin a fhéadfaidh seirbhísí árachais a sholáthar.
	Díol árachais dhírigh ghinearálta (CPC 8129, cé is moite de CPC 81299), gan institiúidí sláinte slándála sóisialta (*Instituciones de Salud Previsional*, ISAPRES) san áireamh, mar shampla, daoine dlítheanacha arna mbunú chun tairbhí sláinte a sholáthar do dhaoine nádúrtha a roghnaíonn a bheith ina mbaill agus a mhaoinítear trí ranníocaíochtaí éigeantacha d'ioncam inchánach nó suim is airde, de réir mar is infheidhme. Ní áirítear leis ach an oiread an Ciste Náisiúnta Sláinte (*Fondo Nacional de Salud*, FONASA), ciste ar gníomhaireacht phoiblí é a mhaoinítear tríd an rialtas agus trí ranníocaíochtaí éigeantacha d'ioncam inchánach, a úsáidtear chun tairbhí sláinte a íoc le haghaidh daoine nach baill iad de ISAPRE. Ní áirítear leis díol árachais le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta.	Cuideachtaí árachais atá comhdhéanta sa tSile mar chorparáidí (*sociedades anónimas*) nó mar bhrainsí de chorparáidí eachtracha arb é an t-aon chuspóir atá acu an réim ghnó sin a fhorbairt, is é sin, árachas saoil díreach nó árachas ginearálta díreach, is iad na cuideachtaí sin amháin a fhéadfaidh seirbhísí árachais a sholáthar. I gcás árachas creidmheas ginearálta (CPC 81296), ní mór an fiontar a bheith bunaithe mar chorparáid árachais arna bunú sa tSile ag a bhfuil cuspóir amháin, is é sin, an cineál sin riosca a chumhdach.
	Díol árachais le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseála agus lasta (lena n-áirítear satailítí), agus le haghaidh earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta (lena n-áirítear earraí atá á n-iompar). Ní áirítear leis sin iompar náisiúnta 'cabatáiste'.	Maidir le díol árachais le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseála agus lasta (lena n-áirítear satailítí), agus le haghaidh earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta (lena n-áirítear earraí atá á n-iompar), féadfaidh corparáidí árachais atá comhdhéanta sa tSile, arb é an t-aon chuspóir atá acu gnó an árachais dhírigh ghinearálta a fhorbairt, an díol árachais sin a thairiscint.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	
Athárachas agus aisghéilleadh	Athárachas agus aisghéilleadh (lena n-áirítear bróicéirí athárachais)	Is iad corparáidí athárachais atá bunaithe sa tSile agus, arna n-údarú ag CMF, a sholáthraíonn athárachas. Ina theannta sin, féadfaidh corparáidí athárachais seirbhísí athárachais a sholáthar mar chomhlánú dá ngnó árachais má cheadaíonn a n-airteagail chomhlachais amhlaidh. Féadfaidh athárachóirí eachtracha agus bróicéirí athárachais eachtracha seirbhísí athárachais agus aisghéillte a sholáthar freisin i gcás ina bhfuil siad rollaithe ar an gclár a choinníonn CMF ar bun ('an Clár').
Idirghabháil árachais	Bróicéireacht árachais (gan árachas san áireamh le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseáil agus lasta, lena n-áirítear satailítí, ná le haghaidh earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta).	Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha, atá comhdhéanta sa tSile de réir dlí chun na críche sin go sonrach, seirbhísí bróicéireachta árachais a sholáthar.
	Bróicéireacht árachais le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseála agus lasta (lena n-áirítear satailítí), agus le haghaidh earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil atá ag iompar na n-earraí, agus aon dliteanas a thagann as sin). Ní áirítear leis sin iompar náisiúnta 'cabatáiste'.	Bróicéirí árachais le haghaidh iompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseála agus lasta (lena n-áirítear satailítí), agus le haghaidh earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta, ní mór iad a bheith rollaithe sa Chlár agus na ceanglais a leagann CMF síos a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha, atá comhdhéanta sa tSile de réir dlí chun na críche sin go sonrach, an tseirbhís sin a sholáthar.
Seirbhísí cúnta árachais, amhail sainchomhairleoireacht, seirbhísí achtúireacha agus measúnaithe riosca, agus seirbhísí réitithe éileamh	Seirbhísí réitithe éileamh.	Féadfaidh cuideachtaí árachais atá bunaithe sa tSile nó daoine dlítheanacha atá comhdhéanta sa tSile seirbhísí réitithe éileamh a sholáthar.
	Seirbhísí cúnta (sainchomhairleoireacht, agus seirbhísí achtúireacha agus measúnaithe riosca amháin).	Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha atá comhdhéanta sa tSile seirbhísí cúnta árachais a sholáthar.
	Pleananna coigilteas pinsin deonacha (*ahorro previsional voluntario*) a riar trí árachas saoil.	Neamhcheangailte i ndáil le fomhír (e) d'Airteagal 25.6(1). Ní fhéadfaidh ach amháin cuideachtaí árachais saoil atá bunaithe sa tSile na pleananna coigilteas pinsin deonacha a sholáthar, i gcomhréir lena leagtar amach thuas. Is gá réamhúdarú ó CMF a bheith ag na pleananna sin agus na polasaithe gaolmhara.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh
Seirbhísí baincéireachta	Ní mór institiúidí baincéireachta eachtracha (*sociedades bancarias*) a bheith ina gcuideachtaí baincéireachta atá comhdhéanta de réir dlí ina dtír thionscnaimh agus ní mór dóibh an caipiteal a cheanglaítear de réir dhlí na Sile a ranníoc. Ní fhéadfaidh institiúidí baincéireachta eachtracha oibriú ach amháin ar na bealaí seo a leanas: (a) trí scairshealbha i mbainc Shileacha atá comhdhéanta mar chorparáidí (*sociedades anónimas*) sa tSile; (b) trí chomhdhéanamh mar chorparáid sa tSile a bhaint amach; nó (c) mar bhrainsí de chorparáidí eachtracha atá comhdhéanta sa tSile mar ghníomhaireacht corparáide eachtraí (*agencia de sociedad anónima extranjera*), ar cás é ina n-aithnítear an phearsantacht dhlítheanach sa tír thionscnaimh. Chun críoch oibríochtaí brainse i dtaca le bainc eachracha sa tSile, is é an caipiteal a infheistítear sa tSile a mheastar go bunúsach, agus ní caipiteal na príomhoifige. Na méaduithe ar chaipiteal nó ar chúlchistí nach dtagann ó chaipitliú cúlchistí eile, déanfar iad a láimhseáil ar an gcaoi chéanna leis an gcaipiteal agus na cúlchistí tosaigh. I dtaca le hidirbhearta idir brainse agus a phríomhoifig thar lear, déanfar an dá cheann díobh a mheas mar eintitis neamhspleácha.
	Ní fhéadfaidh aon duine nádúrtha ná dlítheanach, bíodh sé náisiúnta nó eachtrach, scaireanna a éadáil i mbanc, go díreach nó trí thríú páirtithe, ar mó iad, leo féin nó i dteannta scaireanna atá i seilbh an duine sin cheana, ná 10 % de chaipiteal an bhainc, gan údarú a bheith faighte roimh ré ó CMF. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh comhpháirtithe nó scairshealbhóirí institiúide airgeadais céatadán de na cearta nó scaireanna ina gcuideachta a aistriú, ar mó iad ná 10 %, gan údarú a bheith faighte roimh ré ó CMF. Ní mór institiúidí baincéireachta a bhunú mar chorparáidí (*sociedades anónimas*) nó mar bhrainsí, faoi dhlíthe agus rialacháin na Sile, i gcomhréir leis an Dlí Baincéireachta Ginearálta (DFL Nº3) agus le Dlí *Sociedades Anónimas* (Ley Nº18.046), a bhaineann le gníomhaireacht corparáide eachtraí a bhunú. An caipiteal agus na cúlchistí a shannann bainc eachtracha dá mbrainsí, ní mór iad a aistriú, go bunúsach, agus a thiontú in airgeadra náisiúnta i gcomhréir le haon cheann de na córais a údaraítear de réir dlí nó a údaraíonn Banco Central de Chile. Na méaduithe ar chaipiteal nó ar chúlchistí nach dtagann ó chaipitliú cúlchistí eile, déanfar iad a láimhseáil ar an gcaoi chéanna leis an gcaipiteal agus na cúlchistí tosaigh. I dtaca le hidirbhearta idir brainse agus a phríomhoifig thar lear, déanfar an dá cheann díobh a mheas mar eintitis neamhspleácha. Ní fhéadfaidh aon bhanc eachtrach, i dtaca le hidirbhearta a fhéadfaidh a bhrainse a dhéanamh sa tSile, cearta a ghairm a eascraíonn as a náisiúntacht. Maidir le soláthar seirbhísí airgeadais a chomhlánaíonn bunseirbhísí baincéireachta, féadfaidh na hinstitiúidí sin na seirbhísí sin a sholáthar go díreach, tar éis údarú a fháil roimh ré, nó trí fhochuideachtaí corpraithe, rud a chinnfidh CMF.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	
Glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal	Glacadh le taiscí (cuntais bhainc reatha (*cuentas corrientes bancarias*), taiscí prapéilimh, cuntais choigiltis taiscí ama, ionstraimí airgeadais le comhaontuithe athcheannaigh, agus taiscí baránta nó bannaí urra), agus na nithe sin amháin). Ceannach urrús arna dtairiscint go poiblí (ní bhaineann ach le ceannach bannaí, ceannach litreacha creidmheasa, suibscríobh agus socrú mar ghníomhairí scaireanna, bannaí agus litreacha creidmheasa (frithghealladh)). Cumhdach urrús.	Ní bhaineann ach le bainc a bhunaítear sa tSile i gcomhréir leis na forálacha thuas.
Iasachtú de gach cineál, lena n-áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú	Deonú creidmheasa (gnáth-iasachtaí, creidmheas tomhaltóra, iasachtaí i litreacha creidmheasa, iasachtaí morgáiste, iasachtaí morgáiste i litreacha creidmheasa, ceannach ionstraimí airgeadais le comhaontuithe athdhíola, creidmheas maidir le heisiúint bannaí urra bainc nó cineálacha eile maoinithe, eisiúna agus caibidlithe litreacha creidmheasa le haghaidh allmhairí agus onnmhairí, agus eisiúint agus deimhniú litreacha creidmheasa cúltaca, agus an méid thuas amháin).	Ní bhaineann ach le bainc a bhunaítear sa tSile i gcomhréir leis na forálacha thuas.
	Fachtóireacht.	Neamhcheangailte i ndáil le fomhír (e) d'Airteagal 25.6(1). Meastar gur seirbhísí baincéireachta comhlántacha iad seirbhísí fachtóireachta, agus mar sin, tá siad faoi réir údaraithe ó CMF. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur.
	Urrúsú.	Meastar gur seirbhísí baincéireachta comhlántacha iad seirbhísí urrúsaithe.
Léasú airgeadais	Léasú airgeadais (CPC 81120) (féadfaidh na cuideachtaí seo conarthaí léasaithe a thairiscint le haghaidh earraí a fuarthas ar iarraidh ón gcliant, i.e. ní fhéadfaidh siad earraí a fháil chun iad a stocáil agus a thairiscint lena léasú).	Meastar gur seirbhísí baincéireachta comhlántacha iad seirbhísí léasaithe airgeadais, ar féidir le bainc iad a sholáthar nó ar féidir iad a sholáthar trí fhochuideachtaí corpraithe arna n-údarú go sainráite chun na gcríoch sin. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	
Gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil agus dréachtaí baincéireachta	Eisiúint agus oibriú cártaí creidmheasa agus cártaí dochair (CPC 81133) (ní ach cártaí creidmheasa a eisítear sa tSile). Seiceanna taistil. Aistriú cistí (dréachtaí baincéireachta). Lascainiú nó éadáil billí malairte agus nótaí gealltanais.	Ní bhaineann ach le bainc a bhunaítear sa tSile i gcomhréir leis na forálacha thuas.
Ráthaíochtaí agus gealltanais	Formhuiniú agus ráthú dliteanas tríú páirtí in airgeadra na Sile agus in airgeadra eachtrach.	Ní bhaineann ach le bainc a bhunaítear sa tSile i gcomhréir leis na forálacha thuas.
Trádáil dílseánaigh nó trádáil do chuntais custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar bhealach eile	Idirghabháil urrús arna dtairiscint go poiblí (CPC 81321)	Meastar gur seirbhísí baincéireachta comhlántacha í idirghabháil urrús arna dtairiscint go poiblí, agus go bhféadfaidh bainc í a sholáthar trí fhochuideachtaí atá corpraithe sa tSile, nó trí ghníomhairí urrús nó stocbhróicéirí, arna n-údarú go sainráite.
Eile airgeadais eile	Seirbhísí comhairleacha airgeadais agus seirbhísí airgeadais cúnta eile (CPC 8133) (seirbhísí a shonraítear san fho-earnáil baincéireachta sa roinn seo amháin).	Ceann ar bith.
Eile airgeadais eile	Pleananna coigilteas pinsin deonacha (*Planes de Ahorro Previsional Voluntario*).	Neamhcheangailte i ndáil le fomhír (e) d'Airteagal 25.6(1). Ní fhéadfaidh ach amháin bainc atá bunaithe sa tSile pleananna coigilteas deonacha a sholáthar, faoi cheann amháin de na socruithe a luadh roimhe seo.
	Oibríochtaí bainistíochta iontaobhais (*administración de fideicomisos*).	Ní bhaineann ach le bainc a bhunaítear sa tSile i gcomhréir leis na forálacha thuas.
	Soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin arna ndéanamh ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile.	Ceann ar bith.
	Oibríochtaí margaidh malairte arna ndéanamh de réir an rialacháin a d'eisigh Banc Lárnach na Sile nó atá le heisiúint aige.	Ní fhéadfaidh ach bainc, daoine dlítheanacha, stocbhróicéirí agus gníomhairí urrús oibriú sa mhargadh malairte foirmiúil, agus ní mór dóibh uile a bheith bunaithe sa tSile mar eintitis dhlítheanacha. Daoine dlítheanacha, stocbhróicéirí agus gníomhairí urrús, ceanglaítear orthu réamhúdarú a fháil ó Bhanc Lárnach na Sile (*Banco Central de Chile*) chun oibriú sa mhargadh malairte foirmiúil.

<table>
<tr><th>Earnáil nó fo-earnáil</th><th colspan="2">Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh</th></tr>
<tr><td>Seirbhísí airgeadais eile / seirbhísí urrús</td><td colspan="2">1. Urrúis arna dtairiscint go poiblí, féadfaidh daoine dlítheanacha, arb é bróicéireacht urrús an t-aon chuspóir atá acu, trádáil iontu, mar bhaill de stocmhalartán (stocbhróicéirí) nó lasmuigh den stocmhalartán (gníomhairí urrús), agus ní mór dóibh a bheith cláraithe le CMF. Mar sin féin, ní fhéadfaidh ach stocbhróicéirí scaireanna nó a ndíorthaigh (roghanna suibscríofa) a thrádáil ar an stocmhalartán. Féadfaidh stocbhróicéirí nó gníomhairí urrús, i gcás ina bhfuil siad cláraithe, urrúis neamh-scaire a thrádáil.
2. Seirbhísí rátála i dtaca le riosca urrús arna dtairiscint go poiblí, bíonn siad á soláthar ag gníomhaireachtaí rátála atá comhdhéanta chun urrúis arna dtairiscint go poiblí a rátáil agus chun na críche sin amháin, agus ní mór dóibh a beith rollaithe in *Registro de Entidades Clasificadoras de Riesgo* (Clár na nGníomhaireachtaí Rátála Riosca) a choinníonn CMF ar bun. Déanann CMF iad a iniúchadh agus a rialú. Ar an taobh eile, is é CMF atá freagrach as gníomhaireachtaí rátála a iniúchadh i ndáil le rátáil urrús arna n-eisiúint ag bainc agus ag cuideachtaí airgeadais.
3. Ní fhéadfaidh ach bainc, daoine dlítheanacha, stocbhróicéirí agus gníomhairí urrús oibriú sa mhargadh malairte foirmiúil, agus ní mór dóibh uile a bheith bunaithe sa tSile mar eintitis dhlítheanacha. Daoine dlítheanacha, stocbhróicéirí agus gníomhairí urrús, ceanglaítear orthu réamhúdarú a fháil ó Bhanc Lárnach na Sile (*Banco Central de Chile*) chun oibriú sa mhargadh malairte foirmiúil.
4. Chun trádáil ar an stocmhalartán, ní mór d'idirghabhálaithe (stocbhróicéirí) a bheith comhdhéanta mar dhaoine dlítheanacha sa tSile. Ní mór dóibh scair a éadáil ina stocmhalartán féin agus ní mór iad a bheith glactha mar bhaill den stocmhalartán sin.</td></tr>
<tr><td></td><td>Fo-earnáil</td><td>Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh</td></tr>
<tr><td></td><td>Idirghabháil urrús arna dtairiscint go poiblí, seachas scaireanna (CPC 81321).
Suibscríobh agus socrú mar ghníomhairí (frithghealladh).</td><td>Ní mór gníomhaíochtaí bróicéireachta a sholáthar trí dhuine dlítheanach atá comhdhéanta sa tSile. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur.</td></tr>
<tr><td></td><td>Idirghabháil scaireanna corparáidí arna dtairiscint go poiblí (CPC 81321) (áirítear leis sin suibscríobh agus socrú mar ghníomhairí, frithghealladh).</td><td>Chun trádáil ar an stocmhalartán, ní mór d'idirghabhálaithe (stocbhróicéirí) a bheith comhdhéanta mar dhaoine dlítheanacha sa tSile. Ní mór dóibh scair a éadáil ina stocmhalartán féin agus ní mór iad a bheith glactha mar bhaill den stocmhalartán sin. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur.</td></tr>
<tr><td></td><td>Oibríochtaí i ndíorthaigh stocmhalartáin arna n-údarú ag CMF (todhchaíochtaí dollair agus ráta úis, agus roghanna ar scaireanna amháin. Ní mór scaireanna na ceanglais a chomhlíonadh a leagann an teach imréitigh ábhartha síos, *Cámara de Compensación*).</td><td>Chun trádáil ar an stocmhalartán, ní mór d'idirghabhálaithe (stocbhróicéirí) a bheith comhdhéanta mar dhaoine dlítheanacha sa tSile. Ní mór dóibh scair a éadáil ina stocmhalartán féin agus ní mór iad a bheith glactha mar bhaill den stocmhalartán sin. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur.</td></tr>
</table>

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	
	Trádáil i miotail ar an stocmhalartán (ór agus airgead amháin).	Maidir le trádáil in ór agus airgead, féadfaidh stocbhróicéirí gabháil di ar a gcuntas féin agus le haghaidh tríú páirtithe ar an stocmhalartán i gcomhréir le rialacháin an stocmhalartáin. Chun trádáil ar an stocmhalartán, ní mór d'idirghabhálaithe (stocbhróicéirí) a bheith comhdhéanta mar dhaoine dlítheanacha sa tSile. Ní mór dóibh scair a éadáil ina stocmhalartán féin agus ní mór iad a bheith glactha mar bhaill den stocmhalartán sin. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur.
	Rátáil riosca urrús (ní bhaineann ach amháin le hurrúis arna dtairiscint go poiblí a rátáil nó tuairim a thabhairt ina leith).	Ní mór dóibh a bheith bunaithe sa tSile mar chomhpháirtíocht (*sociedad de personas*). Ceann de na ceanglais shonracha nach mór a chomhlíonadh is ea méid nach lú ná 60 % de chaipiteal na cuideachta a bheith i seilbh na bpríomhchomhpháirtithe (daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gabháil don réim ghnó seo, a bhfuil 5 % ar a laghad de na cearta ballraíochta sa ghníomhaireacht rátála acu).
	Cumhdach urrús arna dhéanamh ag idirghabhálaithe urrús (CPC 81319) (ní áirítear leis seo na seirbhísí a thairgeann soláthróirí ag a bhfuil meascán de chumhdach, imréiteach urrús agus socrú (taisclanna urrús, *depósitos de valores*)).	I gcás cumhdach urrús ní mór d'idirghabhálaithe (stocbhróicéirí agus gníomhairí) a bheith comhdhéanta sa tSile mar dhuine dlítheanach. Is féidir le hidirghabhálaithe urrús (stocbhróicéirí agus gníomhairí urrús) cumhdach urrús a dhéanamh mar ghníomhaíocht lena gcomhlánaítear a bpríomhchuspóir, is é sin, bróicéireacht urrús. Féadfaidh eintitis a sholáthraíonn seirbhísí taisclainne agus cumhdaigh le haghaidh urrús é a dhéanamh freisin, eintitis ar cheart dóibh a bheith comhdhéanta mar chorparáidí speisialta, arb é is príomhchuspóir dóibh urrúis arna dtairiscint go poiblí a fháil mar thaisce ó eintitis a údaraítear de réir dlí, agus oibríochtaí a éascú chun na hurrúis sin a aistriú (taisclanna urrús lárnacha, *depósitos centralizados de valores*).
	Cumhdach arna dhéanamh ag eintitis chun urrús a thaisceadh agus a chumhdach.	Ní mór d'eintitis taiscthe agus cumhdaithe urrús a bheith comhdhéanta sa tSile mar chorparáidí a cuireadh ar bun chun na críche sin amháin.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	
	Seirbhísí bainistíochta punann airgeadais a chuireann idirghabhálaithe urrús ar fáil (ní áirítear leis sin, in aon chúinse, Ciste Bainistíochta Ginearálta (*Administradora General de Fondos*), bainistíocht cistí frithpháirteacha, cistí infheistíochta caipitil eachtraigh, cistí infheistíochta agus cistí pinsin).	Seirbhísí bainistíochta punann airgeadais a sholáthraíonn idirghabhálaithe urrús atá comhdhéanta mar dhaoine dlítheanacha sa tSile. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur.
	Seirbhísí comhairleacha airgeadais a sholáthraíonn idirghabhálaithe urrús (CPC 81332) (ní thagraíonn comhairle airgeadais ach do na seirbhísí urrús a ndéantar gealltanais maidir le rochtain ar an margadh ina leith).	Seirbhísí comhairleacha airgeadais a sholáthraíonn idirghabhálaithe urrús atá comhdhéanta mar dhaoine dlítheanacha sa tSile. Féadfaidh CMF ceanglais neamh-idirdhealaitheacha níos déine a fhorchur. Féadfaidh idirghabhálaithe urrús (stocbhróicéirí agus gníomhairí urrús) seirbhísí comhairleacha airgeadais a sholáthar mar ghníomhaíocht lena gcomhlánaítear a bpríomhchuspóir, seirbhísí lena n-áirítear comhairle airgeadais a thabhairt faoi roghanna airgeadais malartacha, luacháil infheistíochtaí, deiseanna infheistíochta agus straitéisí athsceidealaithe fiachas.
	Bainistíocht cistí tríú páirtithe, arna déanamh ag na cuideachtaí seo a leanas: (Ní áirítear leis sin, in aon chúinse, bainistíocht cistí pinsin agus pleananna coigilteas pinsin deonacha (*planes de ahorro previsional voluntario*)) — cuideachtaí bainistíochta cistí frithpháirteacha; — cuideachtaí bainistíochta cistí infheistíochta; — cuideachtaí bainistíochta cistí infheistíochta de chaipiteal eachtrach.	Faoi réir údarú ó CMF, féadfaidh corparáidí arna gcur ar bun chun na críche sin amháin, agus arna gcomhdhéanamh sa tSile, an tseirbhís bainistíochta cistí a dhéanamh. Cistí infheistíochta de chaipiteal eachtrach, féadfaidh cuideachtaí bainistíochta cistí infheistíochta iad a bhainistiú freisin.
	Bainistíocht pleananna coigilteas pinsin deonacha (*Planes de Ahorro Previsional Voluntario*).	Neamhcheangailte i ndáil le fomhír (e) d'Airteagal 25.6(1). Na pleananna coigilteas deonacha, ní fhéadfaidh ach amháin bainisteoirí cistí frithpháirteacha agus cistí infheistíochta atá bunaithe sa tSile iad a sholáthar, i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach thuas. Is gá réamhúdarú ó CMF a bheith ag na pleananna sin.
	Seirbhís tithe imréitigh maidir le díorthaigh (conarthaí le haghaidh todhchaíochtaí agus roghanna ar urrúis).	Tithe imréitigh le haghaidh todhchaíochtaí agus roghanna ar urrúis, ní mór iad a bheith comhdhéanta sa tSile mar chorparáidí chun na críche sin amháin, agus údarú a bheith faighte acu ó CMF. Ní fhéadfaidh siad a bheith comhdhéanta ach amháin ag stocmhalartáin agus a stocbhróicéirí.

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	
	Trádstórais taiscí ginearálta (barántais) (comhfhreagraíonn le seirbhísí trádstórais marsantaithe lena ngabhann eisiúint deimhnithe taisce agus admhála morgáiste airnéise (*vale de prenda*)).	Daoine dlítheanacha atá comhdhéanta mar is iomchuí sa tSile, arb é is príomhchuspóir dóibh soláthar seirbhísí barántais.
	Eisiúint urrús agus seirbhísí clárúcháin (CPC 81332) (ní áirítear leis seirbhísí urrús a thaisceadh agus a chumhdach).	Ceann ar bith.
	Malartuithe eallaigh agus tráchtearraí talmhaíochta. Seirbhís tithe imréitigh le haghaidh todhchaíochtaí agus roghanna ar eallach agus tráchtearraí talmhaíochta.	Ní mór eintitis a bheith bunaithe mar chorparáidí sainchuspóireacha (*sociedades anónimas especiales*) faoi dhlí na Sile.
	Malartuithe eallaigh agus tráchtearraí talmhaíochta.	Ní fhéadfaidh ach amháin eintitis dhlítheanacha arna mbunú faoi dhlí na Sile gníomhaíochtaí an bhróicéara eallaigh agus tráchtearraí talmhaíochta a dhéanamh.
	Stocmhalartáin.	Ní mór stocmhalartáin a bheith bunaithe mar chorparáidí sainchuspóireacha (*sociedades anónimas especiales*) faoi dhlí na Sile.
Seirbhísí eile airgeadais	Bainistíocht iasachtaí morgáiste mar a leagtar síos in *Decreto con Fuerza de Ley Nº 251, Ley de Seguros*, Teideal V.	Ní mór gníomhaireachtaí bainistíochta iasachtaí morgáiste a bhunú mar chorparáidí (*sociedades anónimas*).
Seirbhísí eile a bhaineann le seirbhísí airgeadais	Oifigí ionadaíocha banc eachtrach mar ghníomhairí gnó (ní fhéadfaidh na hoifigí ionadaíocha sin gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le gnó na baincéireachta).	Féadfaidh CMF bainc eachtracha a údarú chun oifigí ionadaíocha a choinneáil ar bun a ghníomhaíonn mar ghníomhairí gnó dá bpríomhoifigí, agus feidhmeoidh sé orthu an t-údarás iniúchta céanna a dheonaítear do CMF leis an Dlí Baincéireachta Ginearálta (*Ley General de Bancos*) i ndáil le bainc. An t-údarú a thugann CMF d'oifigí ionadaíocha, tá sé faoi réir a chúlghairm má fhaightear go bhfuil sé mí-áisiúil é a choinneáil ar bun, mar a luaitear sa Dlí Baincéireachta Ginearálta (*Ley General de Bancos*).

Príomhnótaí a ghabhann le Ranna C agus D

1. Gealltanais in earnáil na seirbhísí airgeadais faoi Chaibidil 25, déantar iad faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach san príomhnótaí seo agus sa sceideal thíos.

2. Daoine dlítheanacha a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais agus atá comhdhéanta faoi dhlíthe agus rialacháin na Sile, tá siad faoi réir teorainneacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le foirm dhlíthiúil. Mar shampla, ní foirmeacha dlíthiúla inghlactha le haghaidh institiúidí airgeadais sa tSile iad comhpháirtíochtaí (*sociedades de personas*). Níl sé beartaithe leis an bpríomhnóta seo ann féin difear a dhéanamh do rogha a dhéanann institiúid airgeadais den Pháirtí AE idir brainsí nó fochuideachtaí, ach amháin má dhéantar foráil maidir leis sin i ndlíthe agus rialacháin na Sile.

ROINN C

BEARTA ATÁ ANN CHEANA

Earnáil: Seirbhísí airgeadais

Fo-earnáil: Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile

Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Bearta:	Ley Nº 18.045, Iris Oifigiúil an 22 Deireadh Fómhair 1981, Ley de Mercado de Valores, Teidil VI agus VII, Airteagail 24, 26 agus 27.
Tuairisc:	Ní mór stiúrthóirí, riarthóirí, bainisteoirí nó ionadaithe dlíthiúla eintiteas dlítheanach, nó daoine nádúrtha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí stocbhróicéara agus gníomhaire urrús, a bheith ina Sileacha nó ina n-eachtrannaigh ag a bhfuil cead buanchónaithe.
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta (Airteagal 25.3)
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Bearta:	Decreto con Fuerza de Ley Nº 251, Iris Oifigiúil an 22 Bealtaine 1931, Ley de Seguros, Teideal I, Airteagal 16.
Tuairisc:	Féadfaidh bróicéirí athárachais eachtracha gabháil do bhróicéireacht athárachais. Ní mór na bróicéirí sin a bheith ina ndaoine dlítheanacha, a léiriú go bhfuil an t-eintiteas eagraithe go dlíthiúil ina thír thionscnamh agus go bhfuil sé údaraithe idirghabháil a dhéanamh maidir le rioscaí a thagann ó thar lear, agus an dáta a chur ar fáil ar ar deonaíodh an t-údarú sin. Ainmneoidh na heintitis sin ionadaí sa tSile ag a bhfuil cumhachtaí leathana chun ionadaíocht a dhéanamh orthu. Féadfaidh an t-ionadaí a bheith faoi réir toghairme agus ní mór dó cónaí a bheith air sa tSile.
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Beart:	Decreto con Fuerza de Ley 251, Iris Oifigiúil an 22 Bealtaine 1931, Ley de Seguros, Teideal III, Airteagail 58 agus 62, Decreto Supremo Nº 863 de 1989 del Ministerio de Hacienda, Iris Oifigiúil an 5 Aibreán 1990, Reglamento de los Auxiliares del Comercio de Seguros, Teideal I, Airteagal 2, litir (c).
Tuairisc:	Ní mór riarthóirí agus ionadaithe dlíthiúla eintiteas dlítheanach agus daoine nádúrtha atá ag gabháil do ghníomhaíocht an réitigh éileamh agus na bróicéireachta árachais a bheith ina Sileacha nó ina n-eachtrannaigh ag a bhfuil cead buanchónaithe.
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Bearta:	Decreto con Fuerza de Ley Nº 251, Iris Oifigiúil an 22 Bealtaine 1931, Ley de Seguros, Teideal I, Airteagal 20.
Tuairisc:	I gcás na gcineálacha árachais a chumhdaítear in Decreto Ley 3.500, lena mbaineann géilleadh athárachais d'athárachóirí eachtracha, ní fhéadfaidh an asbhaint le haghaidh athárachais a bheith níos mó ná 40 % d'iomlán na gcúlchistí teicniúla a bhaineann leis na cineálacha sin árachais, nó céatadán níos airde más é Coimisiún an Mhargaidh Airgeadais a shocraíonn é (*Comisión para el Mercado Financiero*).
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta

Leibhéal rialtais:	Lárnach
Bearta:	Decreto con Fuerza de Ley Nº 251, Diario Oficial, Bealtaine 22, 1931, Ley de Seguros, Teideal I.
Tuairisc:	Féadfaidh eintitis eachtracha an ghníomhaíocht a sholáthar i gcás inarb eintitis iad a aicmítear, de réir gníomhaireachtaí rátála riosca a bhfuil dea-cháil orthu go hidirnáisiúnta mar a shonraíonn Coimisiún an Mhargaidh Airgeadais (*Comisión para el Mercado Financiero*), i gcatagóir riosca BBB ar a laghad, nó a coibhéis. Beidh ionadaí ag na heintitis sin sa tSile, ag a bhfuil cumhachtaí leathana, chun ionadaíocht a dhéanamh orthu. Féadfaidh an t-ionadaí a bheith faoi réir toghairme. D'ainneoin an mhéid thuasluaite, ní bheidh gá le hionadaí a ainmniú i gcás ina ndéanfaidh bróicéir athárachais, atá cláraithe ar thaifid CMF, an oibríocht athárachais. Chun na gcríoch uile, go háirithe na críocha a bhaineann le cur i bhfeidhm agus feidhmíocht i dtír an chonartha athárachais, measfar gurb é an bróicéir sin ionadaí dlíthiúil na n-athárachóirí.
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta
Bearta:	Ley Nº 18.045, Iris Oifigiúil an 22 Deireadh Fómhair 1981, Ley de Mercado de Valores, Teidil VI agus VII, Airteagail 24 agus 26.
Tuairisc:	Daoine nádúrtha atá ag gabháil do ghníomhaíocht stocbhróicéara agus gníomhaire urrús sa tSile, ní mór dóibh a bheith ina Sileacha nó ina n-eachtrannaigh ag a bhfuil cead cónaithe.
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Gach ceann
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta Bainistíocht shinsearach agus boird stiúrthóirí Ceanglais feidhmíochta
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Bearta:	D.F.L. 1 na hAireachta Saothair agus Leasa Shóisialta, Iris Oifigiúil, 24 Eanáir 1994, Cód Saothair, Teideal Tosaigh, Leabhar I, Caibidil III (D.F.L. 1 del Ministerio del Trabajo y Previsión Social, Diario Oficial, enero 24, 1994, Código del Trabajo, Título Preliminar, Libro I, Capítulo III).
Tuairisc:	Ní mór íosmhéid 85 % de na fostaithe a oibríonn don fhostóir céanna a bheith ina ndaoine nádúrtha Sileacha nó ina n-eachtrannaigh ag a bhfuil breis agus 5 bliana de chónaí sa tSile. Baineann an riail sin le fostóirí ag a bhfuil breis agus 25 fhostaí faoi chonradh fostaíochta (*contrato de trabajo* [1]). Ní bheidh pearsanra ar saineolaithe teicniúla iad faoi réir na forála sin, de réir mar a chinneann an Stiúrthóireacht Saothair (*Dirección del Trabajo*). Is é a thuigfear as 'fostaí' aon duine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí intleachtúla nó ábhartha, faoi spleáchas nó fo-ordú, de bhun conradh fostaíochta.

ROINN D

BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Gach ceann
Oibleagáidí lena mbaineann:	Soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Maidir le ceannach seirbhísí airgeadais arna dhéanamh ag daoine atá lonnaithe i gcríoch na Sile nó a náisiúnaigh, gan beann ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe ó sholáthróirí seirbhísí airgeadais den Pháirtí AE, beidh an ceannach sin faoi réir na rialachán airgeadra eachtraigh a ghlacann Banco Central de Chile nó a choinníonn sé ar bun i gcomhréir lena Bhundlí (Ley 18.840).

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl conradh fostaíochta (*contrato de trabajo*) éigeantach maidir le soláthar trádáil trasteorann i seirbhísí.

Bearta atá ann cheana:	Ley 18.840, Iris Oifigiúil an 10 Deireadh Fómhair 1989, Ley Orgánica Constitucional del Banco Central de Chile, Teideal III
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile
Oibleagáidí lena mbaineann:	Cóir náisiúnta
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Féadfaidh an tSile bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun cumhachtaí a dheonú do Banco del Estado de Chile, banc Sileach faoi úinéireacht stáit, chun feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le riar airgeadais an Stáit, ar feidhmeanna iad atá bunaithe, nó a d'fhéadfaí a bhunú, de réir dlíthe agus rialacháin na Sile. Airítear leis na bearta sin bainistíocht acmhainní airgeadais rialtas na Sile, rud a dhéantar trí thaiscí in Cuenta Única Fiscal agus a fhochuntais, ar gá iad ar fad a choinneáil in Banco del Estado de Chile.
Bearta atá ann cheana:	Decreto Ley Nº 2.079, Iris Oifigiúil an 18 Eanáir 1978, Ley Orgánica del Banco del Estado de Chile Decreto Ley Nº 1.263, Iris Oifigiúil an 28 Samhain 1975, Decreto Ley Orgánico de Administración Financiera del Estado, Airteagal 6.
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas
Oibleagáidí lena mbaineann:	Soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais
Leibhéal rialtais:	Lárnach
Tuairisc:	Aon chineál árachais ([2]) atá éigeantach nó a fhéadfaidh a bheith éigeantach de réir dhlí na Sile, agus aon árachas a bhaineann le leas sóisialta, ní fhéadfaidh é a chur amach ar conradh lasmuigh den tSile. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin i gcás ina leagtar árachas éigeantach síos le dlí na Sile i dtaca le hiompar muirí idirnáisiúnta, eitlíocht tráchtála idirnáisiúnta agus spáslainseáil agus lasta (lena n-áirítear sataillítí), agus i dtaca le hearraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta (lena n-áirítear earraí atá á n-iompar). Ní bhaineann an t-eisiamh sin le hárachas le haghaidh cabatáiste nó gníomhaíochtaí gaolmhara.
Bearta atá ann cheana:	*Decreto con Fuerza de Ley Nº 251*, Iris Oifigiúil an 22 Bealtaine 1931, *Ley de Seguros*, Teideal I, Airteagal 4.
Earnáil:	Seirbhísí airgeadais
Fo-earnáil:	Seirbhísí sóisialta
Oibleagáidí lena mbaineann:	Rochtain ar an margadh Soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais Ceanglais feidhmíochta
Leibhéal rialtais:	Lárnach
[xi] Maidir le húsáideoirí an téarma ‘Charolesa’, téarma a léiríonn táirge atá díorthaithe ó phór an ainmhí, d’ainneoin chosaint an táisc gheografaigh ‘Bœuf de Charolles’ i gcríoch na Sile, ní chuirfidh an chosaint sin cosc ar na húsáideoirí sin leanúint d’úsáid na téarmaí sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) d’fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh nó leas a bhaint as clú an táisc gheografaigh, agus ar choinníoll nach gcuireann úsáid ainm an phóir ainmhí na tomhaltóirí amú nó nach gníomh iomaíochta éagóraí é maidir leis an tásc geografach.

[xii] Ní lorgaítear cosaint ach amháin don téarma cumaisc.

[xiii] Ní lorgaítear cosaint ach amháin don téarma cumaisc.

[xiv] Maidir le húsáideoirí an téarma 'Aubrac' i gcríoch na Sile, ní chuirfidh cosaint an táisc gheografaigh 'Génisse Fleur d'Aubrac' cosc ar na húsáideoirí sin leanúint d'úsáid an téarma sin, téarma a léiríonn táirge atá díorthaithe ó phór an ainmhí, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí thagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir, bratacha) d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh nó do chlú an táisc gheografaigh a shaothrú, agus ar choinníoll nach gcuirfidh úsáid ainm an phóir ainmhí na tomhaltóirí amú nó nach gníomh iomaíochta éagóraí é maidir leis an tásc geografach.

[xv] Maidir le húsáideoirí an téarma 'Gruyère/Gruyere' sa chríoch nó sa tSile, úsáideoirí a bhí ann roimhe a liostaítear in Aguisín 32-C-2, agus a bhí ag úsáid an téarma sin de mheon macánta arís agus arís eile ar an margadh laistigh den 12 mhí roimh thabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an gComhaontú seo an 9 Nollaig 2022, ní chuirfidh cosaint an táisc gheografaigh 'Gruyère' cosc ar na húsáideoirí sin leanúint d'úsáid an téarma sin ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú le tagairtí (e.g. grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) d'fíorthionscnamh 'Gruyère' agus déantar iad a idirdhealú ó 'Gruyère' ar bhealach neamh-dhébhríoch maidir le tionscnamh agus ar choinníoll go bhfuil an téarma ar taispeáint i gcarachtar cló atá, cé go bhfuil sé inléite, i bhfad níos lú ná an t-ainm branda, agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch maidir le tionscnamh an táirge. Tagraíonn an t-ainmniú 'Gruyère', laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, do dhá thásc gheografacha chomhainmneacha, i leith cáis Eilvéiseach agus cáis Fhrancach faoi seach. Ní chuirfidh an Páirtí AE i gcoinne iarratas a d'fhéadfadh a bheith ann arb é is aidhm dó tásc geografach comhainmneach sin na hEilvéise a chosaint sa tSile.

[xvi] Féadfar leanúint den ainm 'd'Agen' a úsáid mar ainm chineáil le haghaidh plumaí úra agus crainn plumaí, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (e.g. grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh nó trí leas a bhaint as clú an táisc gheografaigh agus ar choinníoll nach gcuirtear an tomhaltóir amú faoi chineál an téarma sin nó faoi thionscnamh beacht an táirge nó nach gníomh iomaíochta éagóraí é maidir leis an tásc geografach.

[xvii] Ní lorgaítear cosaint ach amháin don téarma il-chomhpháirt.

[xviii] Maidir le húsáideoirí an téarma 'Limousin' i gcríoch na Sile, ní chuirfidh cosaint an táisc gheografaigh 'Veau du Limousin' cosc ar na húsáideoirí sin leanúint d'úsáid an téarma sin, téarma a léiríonn táirge atá díorthaithe ó phór an ainmhí, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh nó leas a bhaint as clú an táisc gheografaigh, agus ar choinníoll nach gcuirfidh úsáid ainm an phóir ainmhí na tomhaltóirí amú nó nach gníomh iomaíochta éagóraí é maidir leis an tásc geografach.

[xix] Maidir le húsáideoirí an téarma 'Parmesano' sa chríoch nó sa tSile, úsáideoirí a bhí ann roimhe a liostaítear in Aguisín 32-C-2, agus a bhí ag úsáid an téarma sin de mheon macánta arís agus arís eile ar an margadh laistigh den 12 mhí roimh thabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an gComhaontú seo an 9 Nollaig 2022, ní chuirfidh cosaint an táisc gheografaigh 'Parmigiano Reggiano' cosc ar na húsáideoirí sin leanúint d'úsáid an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (e.g. grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) d'fhíorthionscnamh 'Parmigiano Reggiano' agus go ndéantar iad a dhifreáil ó 'Parmigiano Reggiano' ar bhealach neamh-dhébhríoch maidir leis an tionscnamh agus ar choinníoll go bhfuil an téarma ar taispeáint i gcarachtar cló atá, cé go bhfuil sé inléite, i bhfad níos lú ná an t-ainm branda, agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch maidir le tionscnamh an táirge.

[xx] Féadfar leanúint den ainm cineáil 'San Marzano' a úsáid mar ainm chineáil le haghaidh trátaí úra agus plandaí trátaí, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh nó trí leas a bhaint as clú an táisc gheografaigh agus ar choinníoll nach gcuirtear an tomhaltóir amú ar chineál an téarma sin nó ar thionscnamh beacht an táirge nó nach gníomh iomaíochta éagóraí é maidir leis an tásc geografach.

[xxi] Féadfar leanúint den ainm cineáil 'Pêra Rocha' a úsáid ar tháirge comhchosúil, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as tagairtí (grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha) d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh nó trí leas a bhaint as clú an táisc gheografaigh agus ar choinníoll nach gcuirtear an tomhaltóir amú faoi chineál an téarma sin nó faoi thionscnamh beacht an táirge nó nach gníomh iomaíochta éagóraí é maidir leis an tásc geografach.

[xxii] Ní chuirfidh cosaint an téarma ‘Queijo S. Jorge’ srian ar úsáid an téarma ‘San Jorge’ sa tSile mar thrádmharc cláraithe atá ann cheana, ar choinníoll nach gcuirfidh an úsáid sin an tomhaltóir amú maidir le tionscnamh an táirge. Níor cheart an téarma ‘Queijo S. Jorge’ a úsáid ach amháin mar théarma il-chomhpháirt, agus in éineacht le tásc ar a thionscnamh agus ar a ainm branda.

Iarscríbhinn 32-C-1

LIOSTA DE NA COMHPHÁIRTEANNA AONAIR DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 32.35(9)

Le haghaidh thásca geografacha liostaithe an Páirtí AE:

Maidir le liosta thásca geografacha an Pháirtí AE a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn 32-C, ní lorgaítear an chosaint a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 32.35 den Chomhaontú i ndáil leis na téarmaí aonair seo a leanas, ar comhchodanna iad de théarma ilchodach atá faoi chosaint mar tháisc gheografaigh:

'aceite', 'Aceto balsamico', 'tradizionale', 'aceto', 'alfajor'; 'alla cacciatora', 'amarelo', 'Apfel', 'azafran', 'azeite', 'azeites', 'Bayrische', 'Bergkäse', 'beurre', 'Bier', 'bleu', 'boeuf', 'Bratwürste', 'Bresaola', 'Breze', 'Brezn', 'Brez'n', 'Brezel', 'brie', 'camembert', 'Canard à foie gras', 'Cantucci', 'cantuccini', 'carne', 'carne de vacuno' 'cecina', 'chmel', 'chorizo', 'chouriça de carne', 'chouriço', 'Christstollen', 'Citricos', 'citrics', 'coppa', 'cotechino', 'culatello', 'Dehesa', 'edam', 'emmental', 'Emmentaler', 'Χλιᾳ (Elia)', 'Essence de lavande', 'fromage', 'fűszerpaprika-őrlemén', 'génisse', 'Γλυκό Τριαντάφυλλο' (Glyko Triantafyllo), 'gouda', 'Graukäse', 'graviera', 'Hopfen', 'huile d'olive', 'huile essentielle de lavande', 'huîtres', 'island', 'jabłko', 'jambon', 'Katenrauchschinken', 'Katenschinken', 'klobasa', 'Knochenschinken', 'Knöpfle', 'kolbász', 'Kren', 'Κρόκος' (Krokos); 'kulen', 'Kürbiskernöl', 'Lebkuchen', 'lentille', 'lentille verte', 'linguiça', 'llonganissa', 'Λουκούμι' (Loukoumi), 'magiun de prune', 'Markenspeck', 'Marzipan', 'mela', 'mortadella', 'mozzarella', 'mozzarella di bufala', 'noix', 'oli', 'paleta', 'panceta', 'pancetta', 'paprika', 'pároskolbász', 'pasta', 'paté', 'pecorino', 'pêra', 'pimentòn', 'picante', 'pivo', 'plate', 'polvorones', 'pomodoro', 'presunto', 'prosciutto', 'provolone', 'pruneaux mi-cuits', 'pruneaux', 'priego', 'Printen', 'pršut', 'prune', 'queijo', 'queijos', 'queixo', 'queso', 'розово масло' (rozovo maslo), 'Rostbratwurst', 'salam', 'salamini', 'salchichón', 'salmon', 'Schinken', 'sidra', 'sierra', 'sobrasada', 'Spätzle', 'Speck', 'Σταφίδα' (Stafida), 'Stollen', 'szalámi', 'telemea', 'Téliszalámi', 'ternera', 'terra', 'tomme', 'torta', 'turrón', 'vastagkolbász', 'var', 'veau', 'vinagre', 'vitellone bianco', 'volailles', 'Weihnachtsstollen', 'zampone'; 'zašink'.

Maidir le tásca geografacha liostaithe na Sile:

Maidir le liosta thásca geografacha na Sile a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn 32-C, ní lorgaítear an chosaint a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 32.35 den Chomhaontú i ndáil leis na téarmaí aonair seo a leanas, ar comhpháirteanna iad de théarma ilchodach atá faoi chosaint mar tháisc gheografaigh:

'aicéit', 'aceitunas', 'atún', 'cangrejo', 'chicha', 'cordero', 'dulces', 'isla', 'langosta', 'limón', 'maíz', 'oregano', 'prosciutto', 'puerro', 'sal', 'sandía', 'sidra', 'tomate'.

Iarscríbhinn 32-C-2

LIOSTA D'ÚSÁIDEOIRÍ ROIMHE SEO

Parmesano

— AGRÍCOLA Y LÁCTEOS LAS VEGAS S.A.
— AGROCOMERCIAL CODIGUA SPA
— ALVI SUPERMERCADOS MAYORISTAS S.A.
— ALTAS CUMBRES GROUP SPA
— ARTHUR SCHUMAN INC.
— BODEGA GOURMET SPA
— CASO Y CIA SAC
— CENCOSUD S.A.
— COMERCIAL DE CAMPO S.A.
— CONAPROLE
— COOPERATIVA AGRÍCOLA Y LECHERA DE LA UNIÓN LTDA.
— ELABORADORA DE ALIMENTOS GOURMET LIMITADA
— HIPERMERCADOS TOTTUS S.A.
— LACTEOS KUMEY SPA
— PRODUCTOS FERNANDEZ S.A.
— QUILLAYES SURLAT COMERCIAL SPA
— REMOTTI S.A.
— RENDIC HERMANOS S.A.
— SCHREIBER FOODS
— SOPROLE INVERSIONES S.A.
— SUPER 10 S.A.
— VIVAFOODS SPA
— WALMART CHILE S.A.

Gruyere/Gruyère

— AGRICOLA Y LACTEOS LAS VEGAS S.A.
— BODEGA GOURMET SPA
— COMERCIAL DE CAMPO S.A.
— QUESERÍA PETITE FRANCE LIMITADA
— QUILLAYES SURLAT COMERCIAL SPA
— SANTA ROSA CHILE ALIMENTOS LTDA.

IARSCRÍBHINN 38-A

RIALACHA NÓS IMEACHTA

I. Sainmhínithe

1. Chun críoch na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'foireann riaracháin', i leith painéalaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú painéalaí, cé is moite de chúntóirí;

(b) ciallaíonn 'comhairleoir' duine aonair atá coinnithe ag Páirtí chun comhairle a chur ar an bPáirtí sin nó cúnamh a thabhairt dó i dtaca le himeachtaí an phainéil;

(c) ciallaíonn 'cúntóir' duine aonair arb amhlaidh, faoi na téarmaí ceapacháin agus faoi stiúradh agus rialú painéalaí, a dhéanann sé taighde nó a sholáthraíonn sé cúnamh don phainéalaí sin; agus

(d) ciallaíonn 'ionadaí Páirtí' fostaí nó aon duine aonair arna cheapadh ag roinn rialtais, gníomhaireacht nó aon eintiteas poiblí eile de chuid Páirtí, fostaí nó duine a dhéanann ionadaíocht don Pháirtí i gcás díospóide faoi Chaibidil 38.

II. Fógraí

2. Maidir le haon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile:

(a) ón bpainéal, cuirfear chuig an dá Pháirtí é an tráth céanna;

(b) ó Pháirtí a mbeidh an painéal ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bPáirtí eile an tráth céanna; agus

(c) ó Pháirtí a mbeidh an Páirtí eile ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bpainéal an tráth céanna, de réir mar is iomchuí.

3. Déanfar aon fhógra dá dtagraítear i riail 2 a sheoladh trí ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mhodh teileachumarsáide eile lena ndéantar taifead gur seoladh an fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar an dáta seolta.

4. Seolfar gach fógra chuig Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin Eorpaigh agus, i gcás na Sile, chuig Forúnaíocht an Chaidreamh Eacnamaíoch Idirnáisiúnta, nó chuig a gcomharbaí, faoi seach.

5. Mionearráidí de chineál cléireachais in iarraidh, i bhfógra, in aighneacht i scríbhinn nó i ndoiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh ina léireofar na hathruithe go soiléir.

6. Más lá neamhoibre de chuid an Choimisiúin Eorpaigh nó na Sile é an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse ama chun an doiciméad a sheachadadh ar an gcéad lá oibre dár gcionn.

III. Painéalaithe a cheapadh

7. Má roghnaítear painéalaí nó cathaoirleach trí chrannchur de bhun Airteagal 38.6, déanfaidh comhchathaoirleach Chomhchoiste an Pháirtí is déantóir gearán dáta, am agus ionad an roghnaithe trí chrannchur a chur in iúl go pras do chomhchathaoirleach an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Féadfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, más áil leis, a bheith i láthair le linn an chrannchuir. In aon chás, déanfar an roghnú trí chrannchur leis an bPáirtí nó leis na Páirtithe atá i láthair.

8. Comhchathaoirleach an Chomhchoiste de chuid an Pháirtí is déantóir gearán, tabharfaidh sé fógra, i scríbhinn, do gach duine aonair a roghnaíodh chun feidhmiú mar phainéalaí faoina gceapachán. Deimhneoidh gach duine aonair go bhfuil siad ar fáil do na Páirtithe laistigh de 5 lá tar éis an dáta ar cuireadh a gceapachán in iúl dóibh.

9. Déanfaidh comhchathaoirleach Chomhchoiste an Pháirtí is déantóir gearán an painéalaí nó an cathaoirleach a roghnú trí chrannchur, laistigh de 5 lá ó dhul in éag na tréimhse ama dá bhforáiltear in Airteagal 38.6(2), más rud é, maidir le haon cheann de na foliostaí dá dtagraítear in Airteagal 38.8(1):

(a) nár bunaíodh an foliosta – i dtaca le liosta na ndaoine aonair a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil chun an foliosta áirithe sin a bhunú; nó

(b) nach bhfuil cúigear ar a laghad ann a thuilleadh – de na daoine aonair sin atá fós ar an bhfoliosta áirithe sin.

10. Féachfaidh na Páirtithe lena áirithiú, faoin am a mbeidh fógra tugtha ag na painéalaithe uile do na Páirtithe go bhfuil siad tar éis a gceapachán a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38.6(5), go gcomhaontóidh siad maidir le luach saothair agus aisíocaíocht speansas na bpainéalaithe agus na gcúntóirí, agus go mbeidh na conarthaí ceapacháin is gá ullmhaithe acu, d'fhonn go síneofar iad go pras. Beidh luach saothair agus speansais na bpainéalaithe bunaithe ar chaighdeáin EDT. Ní rachaidh luach saothair agus speansais cúntóra nó níos mó painéalaí thar 50 % de luach saothair an phainéalaí a dtugann siad cúnamh dó.

IV. Cruinniú Eagrúcháin

11. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tiocfaidh siad le chéile leis an bpainéal laistigh de 7 lá ó bhunú an phainéil chun cibé nithe a chinneadh a mheasfaidh na Páirtithe nó an painéal a bheith iomchuí, lena n-áirítear amchlár imeachtaí an phainéil. Féadfaidh painéalaithe agus ionadaithe na bPáirtithe a bheith rannpháirteach sa chruinniú seo ar bhealach ar bith, lena n-áirítear ar an teileafón nó i bhfíschomhdháil.

V. Aighneachtaí i Scríbhinn

12. Cuirfidh an Páirtí is déantóir gearán a aighneacht i scríbhinn isteach 20 lá ar a dhéanaí tar éis dháta bunaithe an phainéil. Déanfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a aighneacht i scríbhinn a sheachadadh tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta seachadta na haighneachta scríofa ón bPáirtí is déantóir gearán.

VI. Oibriú an phainéil

13. Beidh cathaoirleach an phainéil i gceannas ar a chruinnithe go léir. De thoradh Rialacha 17 agus 18, féadfaidh an painéal an t-údarás chun cinntí riaracháin nó nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.

14. Mura bhforáiltear a mhalairt i gCaibidil 38 nó san Iarscríbhinn seo, féadfaidh an painéal a ghníomhaíochtaí a dhéanamh trí mhodh ar bith, lena n-áirítear teileafón, físchomhdháil nó modhanna leictreonacha cumarsáide eile.

15. Ní fhéadfaidh ach painéalaithe páirt a ghlacadh i bplé an phainéil, ach féadfaidh an painéal cead a thabhairt do chúntóirí na bpainéalaithe a bheith i láthair le linn a phlé.

16. Leanfaidh dréachtú aon chinneadh nó tuarascáil de bheith faoi fhreagracht eisiach an phainéil agus ní dhéanfar é a tharmligean.

17. Má thagann ceist nós imeachta chun cinn nach cumhdaítear le Caibidil 38, leis an Iarscríbhinn seo nó le hIarscríbhinn 38-B, féadfaidh an painéal, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá comhoiriúnach leis na forálacha sin de Chaibidil 38, an Iarscríbhinn seo ná Iarscríbhinn 38-B.

18. Má mheasann an painéal gur gá aon cheann de na tréimhsí ama le haghaidh na n-imeachtaí a mhodhnú seachas na tréimhsí ama a leagtar amach i gCaibidil 38 nó aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin eile a dhéanamh, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn faoin modhnú ar an tréimhse ama nó faoi aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin eile is gá agus faoi na cúiseanna atá leis sin. Féadfaidh an painéal modhnú nó coigeartú den sórt sin a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe.

VII. Ionadú

19. Má mheasann Páirtí nach gcomhlíonann painéalaí ceanglais Iarscríbhinn 38-B agus gur cheart, ar an gcúis sin, é a ionadú, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile laistigh de 15 lá tar éis an dáta a fuair sé fianaise leordhóthanach ar mhainneachtain líomhnaithe an phainéalaí ceanglais Iarscríbhinn 38-B a chomhlíonadh.

20. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh de 15 lá tar éis an fhógra dá dtagraítear i Riail 19. Cuirfidh na Páirtithe an painéalaí ar an eolas faoin mainneachtain líomhnaithe a rinne sé agus féadfaidh siad a iarraidh ar an bpainéalaí céimeanna a ghlacadh chun an mhainneachtain a leigheas. Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú freisin an painéalaí a bhaint den phainéal agus painéalaí nua a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 38.6.

21. Más rud é, de bhun Riail 20, nach n-aontaíonn na Páirtithe gur gá painéalaí a ionadú, seachas cathaoirleach an phainéil, féadfaidh ceachtar Páirtí an t-ábhar sin a tharchur chuig cathaoirleach an phainéil, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh chathaoirleach an phainéil. Má chinneann cathaoirleach an phainéil nach gcomhlíonann an painéalaí ceanglais Iarscríbhinn 38-B, bainfear an painéalaí agus cuirfear ina ionad painéalaí nua arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 38.6.

22. Más rud é, de bhun Riail 20, nach dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an gá atá le cathaoirleach an phainéil a ionadú, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh an t-ábhar sin a tharchur chuig duine de na daoine atá fós ar an bhfoliosta de chathaoirligh arna bhunú de bhun fhomhír (c) d'Airteagal 38.8(1). Is é comhchathaoirleach an Choiste Trádála de chuid an Pháirtí iarrthaigh, nó toscaire an chomhchathaoirligh sin, a dhéanfaidh ainm an duine sin a roghnú trí chrannchur. Cinneadh an duine roghnaithe maidir leis an ngá atá ann an cathaoirleach a ionadú, is cinneadh críochnaitheach a bheidh ann. Má chinneann an duine aonair roghnaithe sin nach gcomhlíonann an cathaoirleach ceanglais Iarscríbhinn 38-B, roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le hAirteagal 38.6.

VIII. Éisteachtaí

23. Ar bhonn na féilire a leagfar amach i gcomhréir le Riail 11 agus tar éis do chathaoirleach an phainéil dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na painéalaithe eile, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe faoi dháta, am agus láthair na héisteachta. Cuirfidh an Páirtí a mbeidh an éisteacht ar siúl ina chríoch an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, mura mbeidh an éisteacht dúnta don phobal.

24. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tionólfar an éisteacht sa Bhruiséil más í an tSile an Páirtí is déantóir gearán agus in Santiago más é an Páirtí AE an Páirtí is déantóir gearán. Seasfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh na costais a eascróidh ó riarachán lóistíochta na héisteachta. In imthosca a bhfuil údar cuí leo agus arna iarraidh sin do Pháirtí, féadfaidh an painéal a chinneadh éisteacht fhíorúil nó éisteacht hibrideach a thionól agus socruithe iomchuí a dhéanamh, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, agus cearta na próise cuí agus an gá atá le trédhearcacht a áirithiú á gcur san áireamh.

25. Féadfaidh an painéal éisteachtaí breise a thionól má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh.

26. Beidh na painéalaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

27. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an éisteacht ar oscailt don phobal:

(a) ionadaithe Páirtí;

(b) comhairleoirí;

(c) cúntóirí agus foireann riaracháin;

(d) ateangairí, aistritheoirí agus luathscríbhneoirí an phainéil; agus

(e) saineolaithe, mar a chinnfidh an painéal de bhun Airteagal 38.22(2).

28. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal agus chuig an bPáirtí eile liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha na n-ionadaithe agus na gcomhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

29. Is mar seo a leanas a dhéanfaidh an painéal an éisteacht, agus áiritheoidh sé gurb ionann an t-am a thabharfar don Pháirtí is déantóir gearán agus don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh ó thaobh argóinte agus frisnéise araon:

(a) An argóint:

(i) argóint an Pháirtí is déantóir gearán;

(ii) argóint an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

(b) An Argóint Frisnéise:

(i) freagra an Pháirtí is déantóir gearán gearáin;

(ii) frithfhreagra an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

30. Féadfaidh an painéal ceisteanna a dhíriú ar cheachtar den dá Pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta.

31. Déanfaidh an painéal socrú ionas go ndéanfar taifeadadh na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaithe is féidir tar éis na héisteachta.

32. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a sheachadadh maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta.

IX. Ceisteanna i scríbhinn

33. Féadfaidh an painéal, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí. Déanfar aon cheist a chuirfear faoi bhráid Páirtí amháin a chóipeáil chuig an bPáirtí eile.

34. Soláthróidh gach Páirtí don Pháirtí eile cóip dá fhreagraí ar na ceisteanna a chuir an painéal isteach. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le freagraí an Pháirtí laistigh de 5 lá tar éis an chóip sin a sheachadadh.

X. Rúndacht

35. Is mar fhaisnéis rúnda a dhéileálfaidh an Páirtí agus an painéal le haon fhaisnéis arna cur ag an bPáirtí eile faoi bhráid an Phainéil, ar faisnéis í atá ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bPáirtí eile. Nuair a dhéanfaidh Páirtí aighneacht i scríbhinn ina bhfuil faisnéis rúnda a chur faoi bhráid an phainéil, déanfaidh sé, laistigh de 15 lá, aighneacht eile a chur isteach gan an fhaisnéis rúnda inti agus nochtfar an aighneacht sin don phobal.

36. Ní chuirfidh an Iarscríbhinn seo aon bhac ar Pháirtí a bharúlacha féin a nochtadh don phobal ar choinníoll nach nochtfaidh sé, agus tagairt á déanamh aige d'fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí sin, aon fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí eile ar ainmnigh an Páirtí sin gur faisnéis rúnda í.

37. Tionólfar éisteachtaí an phainéil i seisiún dúnta nuair a bheidh faisnéis rúnda in aighneacht nó in argóintí Páirtí. Coinneoidh na páirtithe éisteachtaí an phainéil faoi rún nuair a reáchtáiltear na héisteachtaí i seisiún iata.

XI. Teagmhálacha *ex parte*

38. Ní thiocfaidh an painéal le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le haon Pháirtí gan an Páirtí eile a bheith i láthair.

39. Ní phléifidh painéalaí aon ghné d'ábhar na n-imeachtaí le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na painéalaithe eile a bheith i láthair.

XII. Aighneachtaí *amicus curiae*

40. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá ó dháta bunaithe an phainéil, féadfaidh an painéal aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí, nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i gcríoch Páirtí atá neamhspleách ar rialtais na bPáirtithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar an méid a leanas:

(a) go mbeidh na haighneachtaí faighte ag an bpainéal laistigh de 10 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil;

(b) go bhfuil na haighneachtaí gonta agus nach mbeidh siad níos faide ná 15 leathanach in aon chás, lena n-áirítear aon iarscríbhinn, agus iad clóscríofa ar spás dúbailte;

(c) go bhfuil na haighneachtaí ábhartha go díreach maidir le saincheist fhíorasach nó saincheist dhlíthiúil atá á meas ag an bpainéal;

(d) go bhfuil tuairisc sna haighneachtaí ar an duine a dhéanfaidh an aighneacht, lena n-áirítear i gcás duine nádúrtha a náisiúntacht agus i gcás duine dhlítheanaigh áit a bhunaithe, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta agus a fhoinse maoinithe;

(e) go sonraítear sna haighneachtaí an cineál leasa atá ag an duine sna himeachtaí painéil; agus

(f) go ndréachtaítear na haighneachtaí sna teangacha a roghnaigh na Páirtithe i gcomhréir le Rialacha 44 agus 45.

41. Déanfaidh an painéal na haighneachtaí a sheachadadh chuig na Páirtithe chun a mbarúlacha a fháil uathu. Féadfaidh na páirtithe a mbarúlacha a thabhairt don phainéal laistigh de 10 lá tar éis sheachadadh na n-aighneachtaí.

42. Liostóidh an painéal ina thuarascáil na haighneachtaí go léir a fuair sé de bhun Riail 40. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpainéal aghaidh a thabhairt ina thuarascáil ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin. Mar sin féin, má dhéanann sé amhlaidh, cuirfidh sé san áireamh freisin aon bharúil a thabharfaidh na Páirtithe de bhun Riail 41.

XIII. Cásanna práinneacha

43. Má bhaineann an cás le hábhar práinne dá dtagraítear in Airteagal 38.12, déanfaidh an painéal, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, na tréimhsí ama dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo a choigeartú, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an painéal fógra do na Páirtithe faoi na coigeartuithe sin.

XIV. Teanga oibre agus aistriúcháin

44. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 38.4, agus tráth nach déanaí ná dáta an chruinnithe eagraíochtúil dá dtagraítear i Riail 11 den Iarscríbhinn seo, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le teanga choiteann oibre le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil.

45. Más rud é nach féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, déanfaidh gach Páirtí a aighneachtaí scríofa ina teanga roghnaithe. San am céanna cuirfidh gach Páirtí aistriúchán ar fáil sa teanga a roghnaigh an Páirtí eile, mura scríobhtar a aighneachtaí i gceann de theangacha oibre EDT. An Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, socróidh sé ateangaireacht a dhéanamh ar aighneachtaí ó bhéal go na teangacha a roghnaigh na Páirtithe.

46. Eiseofar tuarascálacha agus cinntí ón bpainéal sna teangacha a roghnóidh na Páirtithe. Murar tháinig na Páirtithe ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, eiseofar tuarascáil eatramhach agus tuarascáil chríochnaitheach an phainéil i gceann de theangacha oibre EDT.

47. Féadfaidh aon Pháirtí barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas an aistriúcháin ar aon leagan aistrithe de dhoiciméad a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

48. Iompróidh gach páirtí costais an aistrithe ar na teachtaireachtaí i scríbhinn uaidh. Is iad na Páirtithe a sheasfaidh go cothrom aon chostais a thabhófar chun tuarascálacha agus cinntí an phainéil a aistriú.

XV. Tréimhsí ama speisialta

49. Déanfar na tréimhsí ama a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a choigeartú i gcomhréir leis na tréimhsí ama speisialta dá bhforáiltear in Airteagail 38.15 go 38.18 chun go nglacfaidh an painéal tuarascáil nó cinneadh sna himeachtaí faoi na hAirteagail sin.

IARSCRÍBHINN 38-B

CÓD IOMPAIR MAIDIR LE PAINÉALAITHE AGUS IDIRGHABHÁLAITHE

I. Sainmhínithe

1. Chun críoch na hIarscríbhinne seo:

(a) ciallaíonn 'foireann riaracháin', i leith painéalaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú painéalaí, cé is moite de chúntóirí;

(b) ciallaíonn 'cúntóir' duine aonair arb amhlaidh, faoi na téarmaí ceapacháin agus faoi stiúradh agus rialú painéalaí, a dhéanann sé taighde nó a sholáthraíonn sé cúnamh don phainéalaí sin; agus

(c) ciallaíonn 'iarrthóir' duine aonair a bhfuil a ainm ar an liosta painéalaithe dá dtagraítear in Airteagal 38.8 agus atá faoi bhreithniú lena roghnú mar phainéalaí de bhun Airteagal 38.6.

II. Prionsabail rialaithe

2. Chun sláine agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí a chaomhnú, déanfaidh gach iarrthóir agus gach painéalaí an méid a leanas:

(a) gheobhaidh sé eolas ar an gCód iompair seo;

(b) beidh sé neamhspleách neodrach;

(c) seachnóidh sé gach coinbhleacht leasa, idir dhíreach agus neamhdhíreach;

(d) neamhdhílse agus dealramh mí-iompair nó claonta a sheachaint;

(e) cloífidh sé le hardchaighdeáin iompair; agus

(f) ní bheidh sé faoi thionchar an leasa phearsanta, brúnna seachtracha, ceisteanna polaitíochta, agóidí poiblí, ná dílseacht do Pháirtí ná eagla a cháinte.

3. Ní rachaidh painéalaí faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh sé go díreach ná go hindíreach le sochar ar bith a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a dhualgais, nó a mbainfeadh an chosúlacht leis go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh cuí na ndualgas sin.

4. Ní úsáidfidh painéalaí a phost ar an bpainéal chun aon leasanna pearsanta nó príobháideacha a chur chun cinn. Seachnóidh painéalaí aon ghníomhaíocht a spreagfadh barúil go bhfuil stádas speisialta ag daoine eile tionchar a imirt air.

5. Áiritheoidh painéalaí nach mbeidh tionchar ar a iompar ná ar a bhreithiúnas ag caidreamh ná dualgais atá nó a bhí aige, de chineál airgeadais, tráchtála, gairmiúil, pearsanta ná sóisialta.

6. Seachnóidh painéalaí aon chaidreamh a dhéanamh, nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfadh sé dochar dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist.

III. Oibleagáidí maidir le nochtadh

7. Iarrthóir ar a n-iarrtar feidhmiú mar phainéalaí de bhun Airteagal 38.6, déanfaidh sé aon leas, caidreamh nó ábhar a nochtadh ar leas, caidreamh nó ábhar é is dócha a dhéanfaidh difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht, nó a fhéadfaidh dealramh a chruthú le réasún d'iompar míchuí nó de chlaonadh in imeachtaí an phainéil. Chuige sin, déanfaidh iarrthóir gach iarracht réasúnach chun teacht ar an eolas faoi aon leas, caidreamh nó ábhar den sórt sin, lena n-áirítear leasanna airgeadais, gairme, fostaíochta nó teaghlaigh.

8. Is oibleagáid bhuan í an oibleagáid a leagtar amach i mír 7 maidir le nochtadh lena gceanglaítear ar gach painéalaí aon leas, caidreamh nó gnó den chineál sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn aon tráth le linn na n-imeachtaí a nochtadh.

9. Déanfaidh iarrthóir nó painéalaí aon ábhar a bhaineann le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Iarscríbhinn seo a chur in iúl don Chomhchoiste lena mbreithniú a luaithe a bheidh siad ar an eolas fúthu.

IV. Dualgais na bpainéalaithe

10. Tar éis dó glacadh lena cheapachán, beidh painéalaí in ann tosú ar a dhualgais agus cuirfidh sé i gcrích iad go mion agus go héifeachtach ó cheann ceann na n-imeachtaí agus é ag léiriú cothromais agus dúthrachta.

11. Is iad na ceisteanna a tarraingíodh anuas le linn na n-imeachtaí agus ar gá iad chun cinneadh a dhéanamh, agus na ceisteanna sin amháin, a scrúdóidh an painéalaí, agus ní tharmligfidh sé an dualgas sin chuig aon duine eile.

12. Déanfaidh painéalaí gach beart iomchuí chun a áirithiú go mbeidh a chúntóirí agus a fhoireann riaracháin ar an eolas faoi oibleagáidí na bpainéalaithe a leagtar amach i gCodanna II, III, IV agus VI den Iarscríbhinn seo agus go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí sin.

V. Oibleagáidí iar-phainéalaithe

13. Seachnóidh iar-phainéalaí gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh dealramh a chruthú go raibh siad claonta agus na dualgais á gcomhlíonadh acu nó gur bhain siad buntáiste as cinneadh an phainéil.

14. Déanfaidh iar-phainéalaí na hoibleagáidí atá leagtha amach i gCuid VI den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh.

VI. Rúndacht

15. Ní nochtfaidh painéalaí, tráth ar bith, aon fhaisnéis neamhphoiblí a bhaineann leis na himeachtaí ná aon fhaisnéis a fuarthas le linn na n-imeachtaí ar ceapadh iad ina leith. Ní dhéanfaidh painéalaí, in aon chás, an fhaisnéis sin a nochtadh ná a úsáid chun buntáiste pearsanta a fháil nó buntáiste a fháil do dhaoine eile ná chun dochar a dhéanamh do leas daoine eile.

16. Ní nochtfaidh painéalaí cinneadh ón bpainéal nó codanna de roimh fhoilsiú an chinnidh i gcomhréir le Caibidil 38.

17. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, na pléití d'aon phainéal, ná tuairim ó aon phainéalaí a nochtadh, ná ní dhéanfaidh sé aon ráiteas ar na himeachtaí ar ceapadh é ina leith ná ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid sna himeachtaí.

VII. Speansas

18. Coinneoidh gach painéalaí taifead ar an am a chaith sé ar na himeachtaí agus ar speansais a bhain leo, chomh maith le ham agus speansais a gcúntóirí agus a bhfoirne riaracháin agus tabharfaidh sé cuntas críochnaitheach orthu.

VIII. Idirghabhálaithe

19. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le hidirghabhálaithe, *mutatis mutandis*.

PRÓTACAL A GHABHANN LEIS AN gCREAT-CHOMHAONTÚ ARDLEIBHÉIL IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA SILE, DEN PHÁIRT EILE, MAIDIR LEIS AN ÉILLIÚ A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

ROINN I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóirí

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas an t-éilliú sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta a chosc agus a chomhrac agus meabhraíonn siad go mbaineann an t-éilliú an bonn den dea-rialachas agus den fhorbairt eacnamaíoch agus go ndéanann sé dálaí iomaíochta idirnáisiúnta a shaobhadh.

2. Aithníonn na Páirtithe gur féidir leis an éilliú difear a dhéanamh don trádáil toisc go bhféadfadh sé deiseanna rochtana ar an margadh a chur i mbaol agus gealltanais a lagú arb é is aidhm dóibh cothrom iomaíochta a chruthú. Bíonn tionchar ag éilliú freisin ar infheisteoirí agus ar fhiontair ar mian leo a bheith rannpháirteach sa trádáil agus san infheistíocht.

3. Aithníonn na Páirtithe gur saincheist thrasnáisiúnta atá i gceist leis an éilliú agus go bhfuil sé nasctha le cineálacha eile coireachta trasnáisiúnta agus eacnamaíche, lena n-áirítear an sciúradh airgid, agus gur cheart aghaidh a thabhairt uirthi le cur chuige ildisciplíneach agus le dlúthchomhar ar an leibhéal idirnáisiúnta.

4. Aithníonn na Páirtithe an gá atá le sláine a fhorbairt agus trédhearcacht a fheabhsú laistigh den earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon agus aithníonn siad go bhfuil freagrachtaí comhlántacha ar gach earnáil maidir leis an éilliú a chomhrac.

5. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, EDT, ECFE, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), Comhairle na hEorpa, agus Eagraíocht na Stát Meiriceánach (OAS), chun éilliú a chosc agus a chomhrac in ábhair a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht idirnáisiúnta agus, dá bhrí sin, gealltanas a thabhairt oibriú go comhpháirteach chun tionscnaimh iomchuí a spreagadh agus tacú leo.

6. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas comhroinnte faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 chun éilliú agus breabaireacht de gach cineál a laghdú go suntasach.

7. Aithníonn na Páirtithe an obair thábhachtach a rinne Meitheal G20 in aghaidh Éilliú.

8. Is é is cuspóir don Phrótacal seo creat déthaobhach gealltanas a leagan síos chun éilliú a dhéanann difear do thrádáil agus d'infheistíocht sa chaidreamh idir na Páirtithe a chomhrac agus a chosc.

9. Aithníonn na Páirtithe go bhforchoimeádtar faoi dhlí gach Páirtí an tuairisc ar chionta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun i gcomhréir leis an bPrótacal seo, agus ar na cosaintí dlíthiúla is infheidhme nó na prionsabail dhlíthiúla lena rialaítear dlíthiúlacht iompair, agus go ndéanfar na cionta sin a ionchúiseamh agus a phionósú i gcomhréir le dlí gach Páirtí.

Airteagal 2

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir le héilliú a dhéanann difear d'ábhair a chumhdaítear le Cuid III den Chomhaontú seo.

Airteagal 3

An nasc le comhaontuithe eile

Ní dhéanfaidh aon ní sa Phrótacal seo difear do chearta ná d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi aon chonarthaí eile, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, Coinbhinsiún ECFE maidir le hOifigigh Phoiblí Eachtracha a Bhreabadh in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac, a glacadh i bPáras an 21 Samhain 1997, an Coinbhinsiún Idir-Mheiriceánach in aghaidh an Éillithe, a glacadh in Caracas an 29 Márta 1996, agus ionstraimí dlíthiúla ábhartha a ghlac Comhairle na hEorpa.

ROINN II

BEARTA CHUN ÉILLIÚ A CHOMHRAC

Airteagal 4

Breabaireacht oifigeach poiblí atá ghníomhach agus éighníomhach

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé breabaireacht ghníomhach agus éighníomhach oifigeach poiblí a dhéanann difear do thrádáil agus d'infheistíocht a chomhrac. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe, go háirithe, a ngealltanais faoi Airteagail 15 agus 16 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun breabaireacht ghníomhach agus éighníomhach oifigeach poiblí agus breabaireacht ghníomhach oifigeach poiblí eachtrach agus oifigeach poiblí idirnáisiúnta a bhunú mar chionta coiriúla, nuair a dhéantar d'aon ghnó iad. Athdhearbhaíonn na Páirtithe freisin a dtiomantas breithniú a dhéanamh ar bhearta reachtacha agus bearta eile a ghlacadh de réir mar is gá chun cionta coiriúla a dhéanamh de bhreabaireacht éighníomhach oifigeach poiblí eachtrach agus oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí, nuair a dhéantar d'aon ghnó iad.

Airteagal 5

Breabaireacht ghníomhach agus éighníomhach san earnáil phríobháideach

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé breabaireacht ghníomhach agus éighníomhach a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht san earnáil phríobháideach a chomhrac. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi Airteagal 21 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe breithniú a dhéanamh ar cibé bearta reachtacha agus bearta eile is gá a ghlacadh chun cionta coiriúla a dhéanamh de bhreabaireacht ghníomhach agus éighníomhach san earnáil phríobháideach, nuair a dhéantar d'aon ghnó iad le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais nó tráchtála.

2. Aithníonn na Páirtithe na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le héascú íocaíochtaí le hoifigigh phoiblí, ós rud é go mbaineann siad an bonn d'iarrachtaí chun éilliú a chomhrac agus breabaireacht a dhreasú. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantais faoi mhír 4 d'Airteagal 12 de UNCAC maidir le hin-asbhainteacht chánach speansas arb ionann iad agus breabanna agus, más iomchuí, costais eile a tabhaíodh chun iompar éillitheach a chur chun cinn, a dhícheadú.

Airteagal 6

An t-éilliú agus sciúradh airgid

Agus aitheantas á thabhairt acu don idirnascadh idir an t-éilliú agus an sciúradh airgid, athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantais faoi Airteagal 23 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe.

Airteagal 7

Dliteanas daoine dlítheanacha

Aithníonn na Páirtithe gur gá dliteanas daoine dlíthiúla a shuíomh agus rochtain ar smachtbhannaí coiriúla nó neamhchoiriúla a áirithiú atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach chun an comhrac domhanda in aghaidh an éillithe sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta a chur chun tosaigh. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantais faoi Airteagal 26 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe.

ROINN III

BEARTA CHUN ÉILLIÚ A CHOSC SAN EARNÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Airteagal 8

Iompar gnó freagrach

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá bearta coisctheacha agus iompar freagrach gnó chun éilliú a sheachaint, lena n-áirítear oibleagáidí tuairiscithe airgeadais agus neamhairgeadais agus cleachtais freagrachta sóisialta corparáidí.

2. Aithníonn na Páirtithe gur gá riachtanais na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na srianta a bhíonn orthu a chur san áireamh agus bearta faoi mhír 1 á mbreithniú acu.

3. Meabhraíonn na Páirtithe a dtacaíocht do Threoirlínte ECFE le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta i ndáil leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe.

Airteagal 9

Tuairisciú airgeadais

1. I gcomhréir lena ngealltanais faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chaighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta san earnáil phríobháideach mar bhealach chun an t-éilliú a chosc.

2. Breithneoidh gach Páirtí na bearta seo a leanas, go háirithe, chun an cuspóir sin a bhaint amach:

(a) fiontair phríobháideacha a spreagadh, agus a struchtúr agus a méid a chur san áireamh, agus go háirithe riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide, chun bearta a chur chun feidhme chun cabhrú le gníomhartha éillithe a chosc agus a bhrath; féadfar a áireamh ar na bearta sin comhlíonadh cód rialachais chorparáidigh, feidhm iniúchóireachta inmheánaí nó rialuithe leordhóthanacha inmheánacha; agus

(b) ceangal a chur go mbeidh cuntais agus ráitis airgeadais na ngnóthas príobháideach sin faoi réir nósanna imeachta iniúchóireachta agus deimhniúcháin iomchuí.

3. Déanfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, maidir le ráitis airgeadais a nochtadh agus caighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta a chothabháil.

4. Ba cheart do gach Páirtí breithniú a dhéanamh ar bhearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena spreagtar iniúchóirí seachtracha chun tuairisc a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir le haon ghníomh a bhfuil amhras orthu gur cion iad a shonraítear in Airteagail 4, 5 agus 6. Má cheanglaítear tuairisciú den sórt sin i gcomhréir lena dhlí, áiritheoidh an Páirtí maidir leis na hiniúchóirí seachtracha a dhéanann na tuarascálacha sin go réasúnach agus de mheon macánta, go ndéanfar iad a chosaint ar chaingean dlí maidir le sáruithe ar aon srian conarthach nó dlíthiúil ar nochtadh faisnéise.

Airteagal 10

Trédhearcacht san earnáil phríobháideach

1. Aithníonn na Páirtithe gur féidir leis an trédhearcacht rannchuidiú leis an éilliú a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht a dhíspreagadh agus, chun na críche sin, meabhraíonn siad a dtiomantais faoi mhír 2 d'Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, go háirithe i ndáil leis na bearta seo a leanas lena bhféadfaí an cuspóir a bhaint amach maidir le trédhearcacht níos fearr a áirithiú san earnáil phríobháideach a bhfuil baint aici le gníomhaíochtaí tráchtála a bhaineann le trádáil agus infheistíocht faoi Chuid III den Chomhaontú seo:

(a) forbairt caighdeán agus nósanna imeachta a chur chun cinn atá deartha chun sláine eintiteas príobháideach ábhartha a chosaint, lena n-áirítear cóid iompair chun gníomhaíochtaí gnó agus gníomhaíochtaí na ngairmeacha beatha ábhartha uile a dhéanamh i gceart, go honórach agus go hiomchuí agus chun coinbhleachtaí leasa a chosc, agus chun úsáid dea-chleachtas tráchtála a chur chun cinn i measc gnólachtaí agus i gcaidreamh conarthach gnólachtaí leis na húdaráis phoiblí;

(b) cosc a chur ar mhí-úsáid nósanna imeachta lena rialaítear eintitis phríobháideacha, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le fóirdheontais agus ceadúnais arna ndeonú ag údaráis phoiblí le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála; agus

(c) bearta a chur chun cinn chun coinbhleachtaí leasa a chosc trí shrianta a fhorchur, de réir mar is iomchuí agus ar feadh tréimhse réasúnta, ar ghníomhaíochtaí gairmiúla iar-oifigeach poiblí nó ar fhostú oifigeach poiblí san earnáil phríobháideach tar éis dóibh éirí as nó dul ar scor, i gcás ina m mbaineann na gníomhaíochtaí nó an fhostaíocht sin go díreach leis na feidhmeanna a bhí ag na hoifigigh phoiblí sin nó a ndearna siad maoirseacht orthu le linn a dtréimhse oifige.

2. Déanfaidh na Páirtithe fiontair, bainc agus cuideachtaí árachais a liostaítear a spreagadh chun tuairisciú ar na bearta atá déanta acu chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac. Déanfaidh na Páirtithe cibé bearta is gá ar nochtadh na dtuarascálacha sin.

Airteagal 11

Bearta chun sciúradh airgid a chosc

1. Ag aithint dóibh a thábhachtaí atá sé sciúradh airgid a chosc agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar thrádáil agus ar infheistíocht, deimhníonn na Páirtithe a dtiomantas córas cuimsitheach náisiúnta rialála agus maoirseachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun le haghaidh institiúidí airgeadais agus gnó agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe ('DNFBPanna') i gcomhréir leis na gealltanais atá ann cheana faoi UNCAC agus faoi Mholtaí FATF. Déanfaidh na Páirtithe cur chun feidhme Moladh 24 FATF maidir le Trédhearcacht agus Úinéireacht Thairbhiúil Daoine Dlí agus Moladh 25 maidir le Trédhearcacht agus Úinéireacht Thairbhiúil na gComhshocraíochtaí Dlí a chur chun cinn.

2. I gcomhréir leis na gealltanais, na Moltaí agus na prionsabail dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Páirtí bearta a choinneáil ar bun nó a ghlacadh lena ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go n-áirítear ina dhlíthe agus ina rialacháin sainmhíniú ar 'úinéir tairbhiúil' lena gclúdófar daoine nádúrtha ar leo custaiméir nó daoine nádúrtha nó a rialaíonn custaiméir agus daoine nádúrtha a bhfuil idirbheart á dhéanamh thar a gceann; áireofar ann freisin na daoine sin a fheidhmíonn rialú éifeachtach deiridh ar dhuine dlítheanach nó ar chomhshocrú dlíthiúil;

(b) a áirithiú go gceanglófar ar eintitis chorparáideacha nó ar eintitis dhlíthiúla eile atá corpraithe laistigh dá chríoch faisnéis leordhóthanach, chruinn agus reatha a fháil agus a shealbhú maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil, lena n-áirítear mionsonraí na leasanna tairbhiúla a shealbhaítear;

(c) a áirithiú go gcoinneoidh iontaobhaithe iontaobhas sainráite faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá leordhóthanach, cruinn agus cothrom le dáta, lena n-áirítear faisnéis maidir le socraitheoirí, an cosantóir, más ann dó, iontaobhaithe agus tairbhithe nó aicme tairbhithe, agus aon duine nádúrtha eile a fheidhmíonn rialú éifeachtach deiridh ar an iontaobhas; ba cheart feidhm a bheith ag na bearta sin freisin maidir le socruithe dlíthiúla eile a bhfuil struchtúr nó feidhm acu atá cosúil le hiontaobhais sainráite;

(d) a cheangal ar institiúidí airgeadais agus ar DNFBPanna an custaiméir a shainaithint agus céannacht an chustaiméara a fhíorú, chomh maith leis an úinéir tairbhiúil a shainaithint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun céannacht an úinéara thairbhiúil a fhíorú, ionas go mbeidh an institiúid airgeadais nó an DNFBP sásta go bhfuil a fhios aici cé hé an t-úinéir tairbhiúil; Tuigtear gurb iad DNFBPanna na cinn a shainmhínítear le Moltaí FATF;

(e) sásraí a chur ar bun chun a áirithiú maidir leis na húdaráis ábhartha mar atá sainmhínithe ina dhlíthe agus ina rialacháin, go mbeidh rochtain thráthúil acu ar fhaisnéis faoin úinéir tairbhiúil;

(f) a áirithiú go mbeidh a n-údaráis inniúla rannpháirteach go tráthúil agus go héifeachtach i malartuithe faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil le comhpháirteanna idirnáisiúnta;

(g) a cheangal ar institiúidí airgeadais agus ar DNFBPanna dícheall cuí feabhsaithe a dhéanamh, go háirithe i ndáil le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil, a dtuigtear gur daoine aonair iad a shealbhaíonn nó a shealbhaigh feidhmeanna poiblí suntasacha laistigh de chríoch ceachtar Páirtí nó go hidirnáisiúnta chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus dlúthpháirtithe dá gcuid; agus

(h) a áirithiú go ndéanfar maoirseacht éifeachtach ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí thuasluaite, lena n-áirítear bunú agus forfheidhmiú smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcás neamhchomhlíonadh.

ROINN IV

BEARTA CHUN AN TÉILLIÚ A CHOSC SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Airteagal 12

Iompar oifigeach poiblí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá Prionsabail Iompair d'Oifigigh Phoiblí Chomhar Eacnamaíochta an Aigéin Chiúin agus na hÁise (APEC), a glacadh an 3 Iúil 2007, don tSile, agus do Mholadh Uimh. R (2000) 10 ó Chomhairle na hEorpa maidir le cóid iompair d'oifigigh phoiblí, a glacadh an 11 Bealtaine 2000, don Pháirtí AE.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi Airteagal 8 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, lena n-áirítear cóid nó caighdeáin iompair a chur i bhfeidhm le haghaidh oifigigh phoiblí, tuairisciú ag oifigigh phoiblí ar ghníomhaíochtaí éillithe do na húdaráis iomchuí a éascú, á cheangal ar oifigigh phoiblí dearbhuithe a dhéanamh do na húdaráis iomchuí maidir le coinbhleachtaí féideartha leasa, agus bearta a dhéanamh lena ndéantar foráil maidir le bearta araíonachta nó bearta eile in aghaidh oifigigh phoiblí a sháraíonn na cóid nó na caighdeáin sin.

Airteagal 13

Trédhearcacht sa riarachán poiblí

1. Leagann na Páirtithe béim ar a thábhachtaí atá trédhearcacht sa riarachán poiblí chun éilliú a dhéanann difear don trádáil agus don infheistíocht a chosc agus comhaontaíonn siad an trédhearcacht a chur chun cinn i gcomhréir le forálacha sonracha agus cothrománacha dá bhforáiltear i gCuid III den Chomhaontú seo, lena n-áirítear go háirithe forálacha maidir le héascú trádála, soláthar poiblí, rialáil intíre agus trédhearcacht ghinearálta.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi mhír 2 d'Airteagal 13 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh an pobal ar an eolas faoi chomhlachtaí frith-éillithe agus chun rochtain a chur ar fáil do na comhlachtaí sin chun aon teagmhais ábhartha a thuairisciú.

Airteagal 14

Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus an t-éilliú sa trádáil agus san infheistíocht idirnáisiúnta á chosc agus á chomhrac, chomh maith leis an ngá atá le feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis an bhfíoras gurb ann don éilliú, na cúiseanna a bhíonn leis agus tromchúis an éillithe agus an bhagairt a bhíonn ann dá bharr. Chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi mhír 1 d'Airteagal 13 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, go háirithe an gealltanas bearta iomchuí a dhéanamh chun rannpháirtíocht ghníomhach daoine aonair agus grúpaí lasmuigh den earnáil phoiblí a chur chun cinn, amhail an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí-neamhrialtasacha, agus eagraíochtaí pobalbhunaithe.

2. Breithneoidh na Páirtithe, go háirithe, an méid seo a leanas:

(a) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí faisnéise poiblí agus cláir oideachais phoiblí a chuireann le neamhfhulaingt an éillithe; agus

(b) bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena n-urramaítear, lena gcuirtear chun cinn agus lena gcosnaítear an tsaoirse chun faisnéis a bhaineann leis an éilliú a lorg, a fháil, a fhoilsiú agus a scaipeadh.

Airteagal 15

Cosaint na ndaoine a dhéanann an tuairisciú

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas faoi Airteagal 33 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe maidir le cosaint i gcoinne aon chóir gan údar a chuirtear ar dhaoine tuairiscithe.

ROINN V

SÁSRA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

Airteagal 16

Réiteach díospóidí

1. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht is féidir trí idirphlé, trí chomhairliúchán, trí mhalartú faisnéise agus trí chomhar chun aghaidh a thabhairt ar aon easaontas idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Phrótacail seo.

2. I gcás easaontú idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Phrótacail seo, rachaidh na Páirtithe ar iontaoibh na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a bhunaítear faoi Airteagail 17 agus 18 go heisiach.

Airteagal 17

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí ('an Páirtí iarrthach'), tráth ar bith, comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile ('an Páirtí is freagróir') maidir le haon ábhar a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Phrótacail seo trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí is freagróir a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 19(3). Leagfar amach san iarraidh na cúiseanna atá le comhairliúcháin a iarraidh, lena n-áirítear tuairisc atá sonrach go leor ar an ábhar atá i gceist agus ar an mbaint atá aige le forálacha an Phrótacail seo.

2. Mura gcomhaontófar a mhalairt leis an bPáirtí iarrthach, tabharfaidh an Páirtí is freagróir freagra i scríbhinn tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata dá dtagraítear i mír 1.

3. Mura gcomhaontóidh siad a mhalairt, cuirfidh na Páirtithe tús le comhairliúcháin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata.

4. Féadfar na comhairliúcháin a sheoladh i bpearsa nó ar aon mhodh teicneolaíoch atá ar fáil do na Páirtithe. Má sheoltar comhairliúcháin go pearsanta, tionólfar iad i gcríoch an Pháirtí is freagróir, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

5. Sna comhairliúcháin:

(a) cuirfidh na Páirtithe dóthain faisnéise ar fáil chun gur féidir scrúdú iomlán a dhéanamh ar an ábhar; agus

(b) déileálfaidh na Páirtithe le haon fhaisnéis a mhalartófar le linn na gcomhairliúchán faoi rún.

6. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin d'fhonn teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh ar an ábhar, agus deiseanna comhair a bhaineann leis an ábhar á gcur san áireamh.

7. Mura mbeidh na Páirtithe in ann an t-ábhar a réiteach i gcomhréir le míreanna 3 go 6 laistigh de 60 lá tar éis don iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun mhír 1 a bheith seachadta, féadfaidh gach Páirtí, trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 19(3), a iarraidh go dtionólfar an Fochoiste um Fhrith-Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht dá dtagraítear in Airteagal 19, chun an t-ábhar a bhreithniú. Tionólfar an Fochoiste um Fhrith–Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht go pras agus féachfaidh sé le teacht ar chomhaontú maidir le réiteach ar an ábhar.

8. Gach Páirtí nó an Fochoiste um Fhrith-Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht a urghabhfar de bhun mhír 7, más iomchuí, féadfaidh siad tuairimí ó na Grúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 40.6 den Chomhaontú seo nó comhairle shaineolach eile a lorg.

9. Má réitíonn na Páirtithe an t-ábhar, déanfaidh siad aon toradh a dhoiciméadú, lena n-áirítear, más iomchuí, céimeanna agus amlínte sonracha a chomhaontófar. Cuirfidh na Páirtithe an toradh sin ar fáil don phobal, mura gcomhaontóidh siad a mhalairt.

Airteagal 18

Painéal saineolaithe

1. Laistigh de 60 lá tar éis don Fhochoiste um Fhrith-Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht a iarraidh i scríbhinn a bheith seachadta chun an t-ábhar a bhreithniú de bhun Airteagal 17(7) nó, mura ndéanfar aon iarraidh den sórt sin, laistigh de 120 lá tar éis iarraidh i scríbhinn a bheith seachadta ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 17(1), más rud é nach dtiocfar ar réiteach atá sásúil don dá thaobh, féadfaidh Páirtí, trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 19(3), a iarraidh go mbunófar painéal saineolaithe chun an t-ábhar a scrúdú. Sainaithneofar san iarraidh na cúiseanna atá leis an iarraidh ar phainéal saineolaithe a bhunú, lena n-áirítear cur síos ar an ábhar atá i gceist, agus míneofar conas atá an t-ábhar sin ina shárú ar fhorálacha an Phrótacail seo a mheasann sé a bheith infheidhme.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 38.6, 38.10, 38.13(6), 38.14(1), 38.15, 38.19, 38.20(2), 38.21, 38.22, 38.24, 38.32, 38.33, 38.34 agus 38.35 den Chomhaontú seo, chomh maith le hIarscríbhinní 38-A agus 38-B a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir leis an bPrótacal seo.

3. Ag a chéad chruinniú, molfaidh an Fochoiste um Fhrith-Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht don Chomhchoiste liosta a bhunú de 15 dhuine aonair ar a laghad atá toilteanach agus ábalta fónamh ar an bpainéal saineolaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta:

(a) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón bPáirtí AE;

(b) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón tSile; agus

(c) foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus atá toilteanach feidhmiú mar chathaoirleach ar an bpainéal saineolaithe.

Molfaidh gach Páirtí cúigear ar a laghad le haghaidh a fholiosta féin. Roghnóidh na Páirtithe cúigear ar a laghad do fholiosta na cathaoirligh freisin. Áiritheoidh an Comhchoiste go gcoimeádfar gach foliosta cothrom le dáta agus go mbeidh cúigear ar a laghad air.

4. Na daoine aonair dá dtagraítear i mír 3, beidh eolas speisialaithe nó saineolas acu ar ábhair a chumhdaítear leis an bPrótacal seo nó ar réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Beidh siad neamhspleách, feidhmeoidh siad ina gcáil aonair agus ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht nó ó aon saincheist rialtais a bhaineann leis an easaontas, ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas ceachtar Páirtí, agus comhlíonfaidh siad Iarscríbhinn 38-B.

5. Má bhíonn an painéal saineolaithe comhdhéanta i gcomhréir na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 38.6 (3) agus (4) den Chomhaontú seo, roghnófar na saineolaithe ó na daoine ábhartha ar na foliostaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, laistigh de 5 lá ó dháta bunaithe an phainéil saineolaithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 38.6(5) den Chomhaontú seo, is iad seo a leanas na téarmaí tagartha:

‘scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha an Phrótacail maidir leis an Éilliú a Chosc agus a Chomhrac den Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar phainéal saineolaithe a bhunú de bhun Airteagal 17 den Phrótacal sin, agus tuarascáil a eisiúint, i gcomhréir leis an Airteagal sin, lena thorthaí agus lena moltaí chun an t-ábhar a réiteach’.

7. Maidir le hábhair a bhaineann le comhaontuithe, moltaí nó prionsabail idirnáisiúnta atá ann cheana dá dtagraítear sa Phrótacal seo, ba cheart don phainéal saineolaithe, i gcás inarb ábhartha, faisnéis a lorg ó na heagraíochtaí nó na comhlachtaí ábhartha. Cuirfear aon fhaisnéis den sórt sin ar fáil do na Páirtithe chun a mbarúlacha a fháil.

8. Déanfaidh an painéal saineolaithe forálacha an Phrótacail seo a léirmhíniú i gcomhréir leis na rialacha gnácha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin a chódaítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí.

9. Eiseoidh an painéal saineolaithe tuarascáil eatramhach agus tuarascáil chríochnaitheach do na Páirtithe ina leagfar amach torthaí na bhfíoras, infheidhmeacht na bhforálacha ábhartha agus an réasúnaíocht is bun leis na torthaí sin, agus na conclúidí agus na moltaí a dhéanfaidh sé.

10. Seachadfaidh an painéal saineolaithe an tuarascáil eatramhach chuig na Páirtithe laistigh de 100 lá ó dháta bunaithe an phainéil saineolaithe. I gcás ina measfaidh an phainéil nach féidir an sprioc-am sin a bhaint amach, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil saineolaithe fógra i scríbhinn do na Páirtithe, agus sonróidh sé na cúiseanna atá leis an moill agus an dáta a mbeidh sé beartaithe ag an bpainéal saineolaithe a thuairisc eatramhach a thabhairt. Féadfar síneadh a chur leis na teorainneacha ama a leagtar amach sa mhír seo trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

11. Féadfaidh gach Páirtí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig an mbinse eadrána chun gnéithe beachta na tuarascála eatramhaí a athbhreithniú laistigh de 25 lá óna seachadadh. Féadfaidh Páirtí trácht a dhéanamh ar iarraidh an Pháirtí eile laistigh de 15 lá ón iarraidh sin a sheachadadh.

12. Tar éis na barúlacha sin a bhreithniú, ullmhóidh an painéal saineolaithe an tuarascáil chríochnaitheach. Mura seachadfar aon iarraidh dá dtagraítear i mír 11 den Airteagal seo laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear sa mhír sin, beidh an tuarascáil eatramhach ina tuarascáil chríochnaitheach ón bpainéal saineolaithe.

13. Déanfaidh an Painéal Saineolaithe an tuarascáil chríochnaitheach a sheachadadh chuig na Páirtithe laistigh de 175 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe. Má mheasann an painéal saineolaithe nach féidir an sprioc-am sin a bhaint amach, tabharfaidh a chathaoirleach fógra i scríbhinn do na Páirtithe, agus luafaidh sé na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bhfuil sé beartaithe ag an bpainéal saineolaithe a thuarascáil chríochnaitheach a chur ar fáil. Féadfar síneadh a chur leis na teorainneacha ama a leagtar amach sa mhír seo trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

14. Áireofar sa tuarascáil chríochnaitheach plé ar aon iarraidh a fuarthas i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach agus tabharfar aghaidh go soiléir ar thuairimí na bPáirtithe.

15. Cuirfidh na Páirtithe an tuarascáil chríochnaitheach ón bpainéal saineolaithe ar fáil don phobal laistigh de 15 lá tar éis don phainéal saineolaithe í a chur isteach.

16. Má chinneann an painéal saineolaithe sa tuarascáil chríochnaitheach nár chloígh an Páirtí is freagróir lena oibleagáidí faoin bPrótacal seo, pléifidh na Páirtithe bearta iomchuí a bheidh le cur chun feidhme agus an tuarascáil agus na moltaí ón bpainéal saineolaithe á gcur san áireamh. Cuirfidh an Páirtí is freagróir a Ghrúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 40.6 den Chomhaontú seo, agus an Páirtí eile ar an eolas faoina chinntí maidir le haon bhearta a bheidh le cur chun feidhme tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an tuarascáil deiridh a chur ar fáil don phobal de bhun mhír 15 den Airteagal seo.

17. Déanfaidh an Fochoiste um Fhrith-Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht faireachán ar an obair leantach ar thuarascáil an phainéil saineolaithe agus ar na moltaí a ghabhann léi. Féadfaidh na Grúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 40.6 den Chomhaontú seo barúlacha ina leith sin a chur faoi bhráid an Fhochoiste um Fhrith-Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht.

Airteagal 19

An Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht

1. Beidh an Fochoiste um Fhrith-Éilliú ar Thrádáil agus Infheistíocht a bunaíodh de bhun Airteagal 8.8(1) den Chomhaontú seo ('an Fochoiste') comhdhéanta d'ionadaithe ó gach Páirtí agus na saincheisteanna sonracha a dtabharfar aghaidh orthu ag aon seisiún ar leith á gcur san áireamh. Beidh ionadaithe na Sile ina n-oifigigh ó Fhorúnaíocht Chaidreamh Eacnamaíoch Idirnáisiúnta na hAireachta Gnóthaí Eachtracha nó óna comharba.

2. Déanfaidh an Fochoiste:

(a) éascaíocht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail seo agus aon deacracht a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a chur chun feidhme a phlé;

(b) comhar idir na Páirtithe maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an bPrótacal seo a chur chun cinn, agus malartú faisnéise a chur chun cinn maidir le forbairtí i bhfóraim neamhrialtasacha, réigiúnacha agus iltaobhacha maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an bPrótacal seo;

(c) moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste;

(d) aon ábhar eile a bhreithniú a bhaineann leis an bPrótacol seo, mar a comhaontóidh na Páirtithe.

3. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála laistigh dá riarachán chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú maidir le haon ábhar a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail seo agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála an phointe teagmhála sin. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

PRÓTACAL A GHABHANN LEIS AN gCREAT-CHOMHAONTÚ ARDLEIBHÉIL IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA SILE, DEN PHÁIRT EILE MAIDIR LE CÚNAMH RIARACHÁIN FRITHPHÁIRTEACH IN ÁBHAIR CHUSTAIM

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críoch an Phrótacail seo:

(a) is é is 'údarás is iarratasóir' ann údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun na críche sin agus a dhéanann iarraidh ar chúnamh ar bhonn an Phrótacail seo;

(b) ciallaíonn 'reachtaíocht chustaim' aon dlí nó rialachán is infheidhme i gcríoch Páirtí, a rialaíonn allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí agus iad á gcur faoi aon chóras nó nós imeachta custaim eile, lena n-áirítear bearta toirmisc, srianta agus rialaithe;

(c) ciallaíonn 'faisnéis' aon sonraí, aon doiciméad, aon íomhá, aon tuarascáil, aon chumarsáid nó aon chóip fhíordheimhnithe, i bhformáid ar bith, lena n-áirítear formáid leictreonach, bíodh siad próiseáilte nó anailísithe nó ná bíodh;

(d) is iad 'oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim' aon sárú nó aon iarracht ar an reachtaíocht chustaim a shárú; agus

(e) is é is 'an t-údarás iarrata' ann údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun na críche sin agus a fhaigheann iarraidh ar chúnamh ar bhonn an Phrótacail seo.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile maidir le réimsí a thagann faoi réim a n-inniúlachta agus ar an modh atá leagtha síos sa Phrótacal seo agus faoi na coinníollacha sa Phrótacal seo, chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta custaim a áirithiú, go háirithe trí oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht sin a chosc, a imscrúdú agus a chomhrac.

2. Tá feidhm ag cúnamh in ábhair chustaim, mar a fhoráiltear sa Phrótacal seo, maidir le haon údarás riaracháin de Pháirtí atá inniúil chun an Prótacal seo a chur i bhfeidhm. Ní dhéanfaidh cúnamh den sórt sin dochar do na forálacha lena rialaítear cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla ná ní chumhdófar leis faisnéis a fhaightear faoi chumhachtaí a feidhmíodh ar iarraidh údaráis bhreithiúnaigh, ach amháin i gcás ina n-údaraíonn an t-údarás sin an fhaisnéis sin a chur in iúl.

3. Cúnamh chun dualgais, cánacha nó fíneálacha a aisghabháil ní chumhdaítear leis an bPrótacal é.

Airteagal 3

Cúnamh ar é a iarraidh

1. Arna iarraidh sin ag an údarás is iarratasóir, soláthróidh an t-údarás is faighteoir iarrata an fhaisnéis ábhartha ar fad dó lena bhféadfar cur ar a chumas a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an reachtaíocht chustaim i gceart, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí a thugtar faoi deara nó a bheartaítear agus ar oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht chustaim nó a d'fhéadfadh an reachtaíocht chustaim a shárú.

2. Arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir, cuirfidh an t-údarás is faighteoir iarrata faisnéis ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) go ndearnadh earraí a onnmhairíodh ó chríoch Páirtí a allmhairiú go cuí isteach i gcríoch an Pháirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí.

(b) go ndearnadh earraí a allmhairíodh isteach i gcríoch Páirtí a onnmhairiú go cuí ó chríoch an Pháirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí.

3. Arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás is faighteoir iarrata, faoi chuimsiú a dhlíthe agus a rialachán, na bearta is gá chun faireachas speisialta a áirithiú ar na nithe seo a leanas:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith le creidiúint go bhfuil nó go raibh siad bainteach le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

(b) earraí atá á n-iompar nó ar féidir iad a iompar ar bhealach ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint astu in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

(c) áiteanna inar cóimeáladh earraí nó ina bhféadfar na hearraí sin a chóimeáil ar bhealach lena bhfágtar go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na hearraí sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim; agus

(d) modh iompair a mbaintear úsáid as nó ar féidir úsáid a bhaint as ar bhealach ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as an modh iompair sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim.;

Airteagal 4

Cúnamh spontáineach

Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, ar a dtionscnamh féin agus i gcomhréir lena dlíthe agus a rialacháin, más rud é go mbreithníonn siad gur gá sin chun reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm i gceart, trí fhaisnéis a sholáthar a bheidh faighte maidir le gníomhaíochtaí atá tugtha i gcrích, beartaithe nó ar siúl fós ar gníomhaíochtaí iad atá ina n-oibríochtaí a sháraíonn reachtaíocht chustaim nó más cosúil gur amhlaidh sin agus a bhféadfaidh a bheith ina n-údar spéise don Pháirtí eile. Díreoidh an fhaisnéis go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) daoine, earraí agus cóir iompair; agus

(b) modhanna nua nó modhanna nua a úsáidfear chun oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim a chur i gcrích.

Airteagal 5

Foirm agus substaint na n-iarrataí ar chúnamh

1. Déanfar iarrataí de bhun an Phrótacail seo i scríbhinn i bhformáid chlóite nó i bhformáid leictreonach. Beidh na doiciméid is gá ag gabháil leo chun gur féidir an iarraidh a chomhlíonadh. I gcás práinne, is féidir leis an údarás is faighteoir iarrata iarrataí ó bhéal a ghlacadh, iarrataí a dhaingneoidh an t-údarás is iarratasóir láithreach i scríbhinn.

2. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas sna hiarrataí dá dtagraítear i mír 1:

(a) an t-údarás is iarratasóir agus an t-oifigeach iarrthach;

(b) an fhaisnéis agus an cineál cúnaimh a iarradh;

(c) cuspóir na hiarrata agus an chúis atá léi;

(d) na dlíthe agus na rialacháin ábhartha agus eilimintí dlíthiúla eile lena mbaineann;

(e) tásca, chomh cruinn agus chomh cuimsitheach agus is féidir, maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha arb iad sprioc na n-imscrúduithe iad;

(f) achoimre ar na fíorais agus ar na fiosrúcháin a rinneadh cheana féin; agus

(g) aon sonraí breise atá ar fáil chun go mbeidh an t-údarás iarrtha in ann cloí leis an iarraidh.

3. Cuirfear iarrataí isteach i dteanga oifigiúil de chuid údarás faighte na hiarrtha nó i dteanga atá inghlactha ag an údarás sin, is teanga inghlactha i gcónaí é an Béarla. Níl feidhm ag an gceanglas seo maidir le haon doiciméad a ghabhann leis an iarraidh faoi mhír 1.

4. Mura gcomhlíonann iarraidh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh an t-údarás is faighteoir iarrata ceartú nó comhlíonadh na hiarrata a éileamh; idir an dá linn, féadfar bearta réamhchúraim a ordú.

Airteagal 6

Forghníomhú iarrataí

1. Chun iarraidh ar chúnamh a chomhlíonadh, rachaidh an t-údarás is faighteoir iarrata ar aghaidh, laistigh de theorainneacha a inniúlachta agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, amhail is dá mbeadh sé ag gníomhú ar a chuntas féin nó arna iarraidh sin d'údarás eile den Pháirtí céanna, trí fhaisnéis atá ina sheilbh cheana a sholáthar, trí fhiosrúcháin iomchuí a dhéanamh nó trí shocruithe a dhéanamh go ndéanfar fiosrúcháin iomchuí. Má chuireann an t-údarás is faighteoir iarrata an iarraidh faoi bhráid údarás eile toisc nach féidir leis gníomhú ina aonar, beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir leis an údarás eile sin.

2. Forghníomhófar iarrataí ar chúnamh i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí iarrtha.

3. Seolfaidh an t-údarás is faighteoir iarrata freagra ar an iarraidh ar chúnamh laistigh de 2 mhí tar éis dó í a fháil. Mura bhfuil an t-údarás is faighteoir iarrata in ann an iarraidh ar chúnamh a chomhlíonadh laistigh den tréimhse sin, cuirfidh sé an t-údarás is iarratasóir ar an eolas agus cuirfidh sé in iúl cén uair a thuarfaidh sé go bhféadfadh sé an iarraidh a chomhlíonadh.

Airteagal 7

An fhoirm ina bhfuil an fhaisnéis le cur in iúl

1. Cuirfidh an t-údarás iarrtha na torthaí ar fhiosrúcháin in iúl don údarás is iarratasóir i scríbhinn, in éineacht le doiciméid ábhartha, fíorchóipeanna deimhnithe nó nithe eile. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáid leictreonach.

2. Tarchuirfear bundoiciméid de réir srianta dlíthiúla gach Páirtí, arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir agus ar an gcúis sin amháin, i gcásanna nár leordhóthanach fíorchóipeanna deimhnithe. Seolfaidh an t-údarás is iarratasóir na bunchóipeanna sin ar ais a luaithe is féidir.

3. I gcás ina mbeidh feidhm ag mír 2, déanfaidh an t-údarás is faighteoir iarrata aon fhaisnéis a bhaineann le barántúlacht na ndoiciméad a d'eisigh nó a dheimhnigh gníomhaireachtaí oifigiúla laistigh dá chríoch mar thaca le dearbhú earraí a sheachadadh chuig an údarás is iarratasóir.

Airteagal 8

Oifigigh de Pháirtí a bheith i láthair i gcríoch an Pháirtí eile

1. Féadfaidh oifigigh chuí-údaraithe de chuid Páirtí amháin, i gcomhaontú leis an bPáirtí eile agus faoi réir na gcoinníollacha a bheidh leagtha síos ag an bPáirtí eile, a bheith i láthair in oifigí an údaráis iarrtha nó aon údarás eile lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 6(1) chun faisnéis a fháil a bhaineann le gníomhaíochtaí ar oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht chustaim nó a d'fhéadfadh a bheith ina n-oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim, ar faisnéis í a theastaíonn ón údarás is iarratasóir chun críoch an Phrótacail seo.

2. Oifigigh chuí-údaraithe de Pháirtí, le comhaontú an Pháirtí eile agus faoi réir na gcoinníollacha a leagfaidh an Páirtí eile síos, féadfaidh siad a bheith i láthair ag fiosrúcháin a dhéanfar i gcríoch an Pháirtí eile sin.

3. Is i gcáil chomhairleach amháin a bheidh oifigigh chuí-údaraithe de Pháirtí i láthair i gcríoch an Pháirtí eile, agus le linn an ama sin déanfaidh na hoifigigh chuí-údaraithe sin mar seo a leanas:

(a) beidh orthu a bheith in ann cruthúnas ar a gcáil oifigiúil a chur ar fáil i gcónaí;

(b) ní chaithfidh siad éide ná ní iompróidh siad airm; agus

(c) bainfidh siad tairbhe as an gcosaint chéanna agus an chosaint a thugtar d'oifigigh an Pháirtí eile, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí eile sin.

Airteagal 9

Soláthar agus fógra

1. Arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás is faighteoir iarrata, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme maidir leis an údarás sin, na bearta uile is gá chun aon doiciméid a sheachadadh nó chun fógra a thabhairt faoi aon chinntí de chuid an údaráis is iarratasóir atá faoi raon feidhme an Phrótacail seo, do sheolaí atá ina chónaí nó atá bunaithe i gcríoch an údaráis iarrtha.

2. Is i scríbhinn i dteanga oifigiúil de chuid an údaráis is faighteoir iarrata nó i dteanga atá inghlactha ag an údarás sin a dhéanfar iarrataí den sórt sin ar dhoiciméid a sheachadadh nó ar fhógra a thabhairt faoi chinntí.

Airteagal 10

Uathmhalartú faisnéise

1. Féadfaidh na Páirtithe, trí shocrú frithpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 15 an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) aon fhaisnéis a chumhdaítear leis an bPrótacal seo a mhalartú ar bhonn uathoibríoch; agus

(b) faisnéis sonrach a mhalartú sula dtiocfaidh coinsíneachtaí i gcríoch an Pháirtí eile.

2. Bunóidh na Páirtithe socruithe maidir leis an gcineál faisnéise is mian leo a mhalartú agus formáid agus minicíocht an tarchuir, chun na malartuithe faoi fhomhíreanna (a) agus (b) de mhír 1 a chur chun feidhme.

Airteagal 11

Eisceachtaí ón oibleagáid cúnamh a sholáthar

1. Féadfar cúnamh a dhiúltú nó féadfaidh sé a bheith faoi réir coinníollacha nó ceanglais áirithe a chomhlíonadh más rud é go bhfuil Páirtí den tuairim go ndéanfadh cúnamh faoin bPrótacal seo an méid seo a leanas:

(a) gur dóigh go ndéanfadh sé dochar do cheannasacht na Sile nó do cheannasacht Ballstáit ar iarradh air cúnamh a thabhairt faoin bPrótacal seo;

(b) gur dócha go ndéanfadh sé dochar do bheartas poiblí, do shlándáil nó do leasanna bunriachtanacha eile, go háirithe sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 12(5); nó

(c) go sárófar rún tionscail, rún tráchtála nó gairmiúil.

2. Féadfaidh an t-údarás iarrtha an cúnamh a chur ar atráth ar an bhforas go gcuirfidh an cúnamh sin isteach ar imscrúduithe, ionchúisimh nó imeachtaí leanúnacha. I gcás den sórt sin, rachaidh an t-údarás iarrtha i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir chun a chinneadh an féidir cúnamh a thabhairt faoi réir cibé téarmaí nó coinníollacha a éileoidh an t-údarás iarrtha.

3. I gcás ina lorgaíonn an t-údarás is iarratasóir cúnamh nach mbeadh sé féin in ann a sholáthar má iarrtar sin air, tarraingeoidh sé aird ar an méid sin ina iarraidh. Beidh sé de rogha ag an údarás iarrtha iarraidh den sórt sin a chomhlíonadh.

4. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, cuirfidh an t-údarás is faighteoir iarrata a chinneadh agus na cúiseanna atá leis in iúl don údarás is iarratasóir gan mhoill.

Airteagal 12

Malartú faisnéise agus rúndacht

1. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis a fhaightear faoin bPrótacal seo chun na críocha Phrótacail seo agus chun na críocha sin amháin.

2. Meastar gur chun críocha an Phrótacail seo atá úsáid na faisnéise a fhaightear faoin bPrótacal seo in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a thionscnófar i ndáil le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim. Dá bhrí sin, féadfaidh na Páirtithe, ina dtaifid ar fhianaise, tuarascálacha agus teistiméireachtaí agus in imeachtaí agus in líomhaintí atá os comhair na gcúirteanna, úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas agus doiciméid a ndeachthas i gcomhairle leo de réir fhorálacha an Phrótacail seo mar fhianaise. Féadfaidh an t-údarás is faighteoir iarrata soláthar faisnéise nó rochtain a thabhairt ar dhoiciméid a chur faoi réir an choinníll go dtabharfar fógra dó maidir leis an úsáid sin.

3. I gcás inar mian le ceann de na Páirtithe úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin chun críocha eile, gheobhaidh sé toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás a sholáthair an fhaisnéis. Maidir le haon úsáid den chineál sin, beidh sé faoi réir aon shrianta a leagann an t-údarás sin síos.

4. Aon fhaisnéis a chuirfear in iúl in aon fhoirm faoin bPrótacal seo, beidh sí rúnda nó srianta, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme i ngach Páirtí. Cumhdófar an fhaisnéis sin le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla agus beidh an chosaint ag an bhfaisnéis sin a dheonaítear d'fhaisnéis chomhchosúil faoi dhlíthe agus faoi fhorálacha ábhartha an Pháirtí is faighteoir. Cuirfidh na Páirtithe faisnéis maidir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme atá acu in iúl dá chéile.

5. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a aistriú ach amháin i gcomhréir le rialacha um chosaint sonraí an Pháirtí a sholáthraíonn na sonraí. Cuirfidh gach Páirtí an Páirtí eile ar an eolas faoina rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí agus, más gá, déanfaidh sé a dhícheall teacht ar chomhaontú maidir le cosaint bhreise.

Airteagal 13

Saineolaithe agus finnéithe

Féadfaidh an t-údarás is faighteoir iarrata a údarú dá oifigigh a bheith i láthair, laistigh de theorainneacha an údaraithe a tugadh, mar shaineolaithe nó mar fhinnéithe in-imeachtaí, breithiúnacha nó riaracháin maidir leis na hábhair a thagann faoi réim an Phrótacail seo, agus pé nithe, doiciméid nó cóipeanna dílse deimhnithe de na doiciméid sin a bheadh ag teastáil le haghaidh na n-imeachtaí, a chur i láthair. Ní mór don iarraidh ar theacht i láthair a shonrú go sonrach cé acu údarás breithiúnach nó riaracháin a mbeidh ar an oifigeach teacht i láthair os a chomhair, maidir le cibé ábhair agus de bhua an teidil nó na cáilíochta a cheisteofar an t-oifigeach.

Airteagal 14

Speansais maidir le cúnamh

1. Tarscaoilfidh na Páirtithe aon éilimh in aghaidh a chéile ar aisíocaíocht speansas arna dtabhú i bhforghníomhú an Phrótacail seo.

2. Is é an Páirtí iarrthach a iompróidh na speansais agus na liúntais a íocfar le saineolaithe, finnéithe, ateangairí agus aistritheoirí, nach fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad, de réir mar is iomchuí.

3. Más gá speansais de chineál urghnách chun an iarraidh a fhorghníomhú, cinnfidh na Páirtithe na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh an iarraidh le forghníomhú fúthu, mar aon leis an mbealach ar a mbeidh na speansais sin le seasamh.

Airteagal 15

Cur chun feidhme

1. Fágfar cur chun feidhme an Phrótacail seo faoi chúram údaráis chustaim na Sile, ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim na Ballstát, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh na húdaráis agus seirbhísí sin cinneadh maidir leis na bearta agus na socruithe praiticiúla go léir is gá chun an Prótacal seo a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt acu ar na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme faoi seach go háirithe chun sonraí pearsanta a chosaint.

2. Coimeádfaidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi shonraí na mbeart cur chun feidhme a ghlacfaidh gach Páirtí i gcomhréir le forálacha an Phrótacail seo, go háirithe i ndáil leis na seirbhísí cuí-údaraithe agus na hoifigigh a ainmneofar mar oifigigh atá inniúil ar chumarsáidí a leagtar amach sa Phrótacal seo a chur agus a fháil.

3. Sa Pháirtí AE, ní dhéanfaidh forálacha an Phrótacail seo difear do chur in iúl aon fhaisnéise a fuarthas faoin bPrótacal seo idir seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim na mBallstát.

Airteagal 16

Comhaontuithe eile

Beidh tosaíocht ag forálacha an Phrótacail seo ar fhorálacha aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim a tugadh i gcrích nó a fhéadfar a thabhairt i gcrích idir Ballstáit aonair an Aontais agus an tSile a mhéid nach luíonn forálacha comhaontuithe den sórt sin le forálacha an Phrótacail seo.

Airteagal 17

Comhairliúcháin

Maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme an Phrótacail seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun aon ábhar a réiteach faoi chuimsiú an Fhochoiste um Chustaim, Éascú Trádála, agus Rialacha Tionscnaimh a bunaíodh de bhun Airteagal 8.8(1) den Chomhaontú seo.

DEARBHÚ LÉIRMHÍNITHEACH COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS NA FORÁLACHA I nDÁIL LE COSAINT INFHEISTÍOCHTA ATÁ SA CHREAT-CHOMHAONTÚ ARDLEIBHÉIL IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA SILE, DEN PHÁIRT EILE

Déanann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an tSile an Dearbhú Léirmhínitheach Comhpháirteach seo a leanas maidir leis na forálacha i ndáil le cosaint infheistíochta atá sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil.

I bhfianaise a ngealltanas faoi Chomhaontú Pháras faoi Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna dhéanamh i bPáras an 12 Nollaig 2015 ('Comhaontú Pháras'), deimhníonn na Páirtithe gur cheart go mbeadh a n-infheisteoirí ag súil go nglacfaidh na Páirtithe bearta a cheapfar agus a chuirfear i bhfeidhm chun an t-athrú aeráide a chomhrac nó chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an athraithe sin atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, trí bhíthin mhaolú, oiriúnú, cúiteamh, cúiteamh nó ar shlí eile.

Agus na forálacha á léirmhíniú, forálacha maidir le cosaint infheistíochta dá bhforáiltear sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil, ba cheart don Bhinse nó don Bhinse Achomhairc a bhunaíodh faoi Airteagal 17.34 agus le hAirteagal 17.35, faoi seach, aird chuí a thabhairt ar ghealltanais na bPáirtithe faoi Chomhaontú Pháras agus ar a gcuspóirí aeráidneodrachta faoi seach.

Dá bhrí sin, deimhníonn na Páirtithe a dtuiscint go ndéanfaidh an Binse nó an Binse Achomhairc sin na forálacha maidir le cosaint infheistíochta dá bhforáiltear sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil, a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm trí aird chuí a thabhairt ar ghealltanais na bPáirtithe faoi Chomhaontú Pháras agus ar a gcuspóirí aeráidneodrachta faoi seach, agus é sin a dhéanamh ar bhealach a chuirfidh ar chumas na bPáirtithe a mbeartais faoi seach maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a shaothrú.

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS NA FORÁLACHA i nDÁIL LE TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE ATÁ SA CHREAT-CHOMHAONTÚ ARDLEIBHÉIL IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA SILE, DEN PHÁIRT EILE

Tá na Páirtithe,

Ag meabhrú dóibh a luachanna comhroinnte agus na naisc láidre chultúrtha, pholaitiúla, eacnamaíocha agus chomhair a thugann le chéile iad,

AG MEABHRÚ DÓIBH a dtiomantas an Comhaontú, a nuachóiriú agus a ionadú chun fíorchásannna polaitiúla agus eacnamaíocha nua a léiriú,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas an comhar a neartú saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha agus domhanda ar ábhar leasa coitinn iad,

ÓS DEIMHIN LEO maidir leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ('An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil'), agus an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('An Comhaontú Trádála Eatramhach') go rachaidh na comhaontuithe sin chun tairbhe don dá Pháirtí an téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19 a spreagadh, fás a ghiniúint i gcomhthéacs geopholaitiúil a bhfuil éagobhsaíocht mhéadaithe ag baint leis, agus na naisc atá eatarthu a neartú tuilleadh,

AGUS RÚN DAINGEAN ACU a áirithiú go gcothófar an inbhuanaitheacht leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil, ionas go rachaidh an fás eacnamaíoch i gcomhar le hobair chuibhiúil, leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a chosaint, i gcomhréir iomlán le luachanna agus tosaíochtaí comhroinnte na bPáirtithe, lena n-áirítear tacaíocht don aistriú glas agus slabhraí luacha freagracha agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil rannpháirtíocht chuimsitheach na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil ríthábhachtach chun dúshláin, deiseanna agus tosaíochtaí a shainaithint go tráthúil, agus chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhaontaithe faoi seach,

cuireann siad a chur in iúl go bhfuil rún comhpháirteach acu an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil a thabhairt i gcrích go pras agus comhoibriú ina dhiaidh sin maidir le cur chun feidhme na gnéithe inbhuanaitheachta a bhaineann leis faoi threoir na mbreithnithe seo a leanas:

1. Maidir lena gcuspóir comhpháirteach i ndáil le hardleibhéal cosanta saothair agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn, cuireann na Páirtithe i dtreis a dtiomantas na croíchaighdeáin saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, mar a shainítear i gCoinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh do na Páirtithe cinneadh EIS an prionsabal 'timpeallacht shábháilte agus shláintiúil oibre' a chur isteach i measc na bprionsabal bunúsach agus na gceart bunúsach ag an obair, agus Coinbhinsiúin EIS chomhfhreagracha a ardú dá réir sin, prionsabail a ndéanfaidh siad a ndícheall a dhaingniú de réir mar is gá.

2. Maidir lena gcuspóir comhpháirteach aghaidh a thabhairt ar bhagairt phráinneach an athraithe aeráide, cuireann na Páirtithe i dtreis a dtiomantas Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus Comhaontú Pháras a glacadh faoi sin, a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear a ngealltanais i ndáil lena rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta, faoi seach.

3. Maidir lena gcuspóir comhpháirteach an comhshaol a chosaint agus a chaomhnú agus bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar a n-acmhainní nádúrtha, cuireann na Páirtithe i dtreis a dtiomantas na comhaontuithe agus na prótacail iltaobhacha comhshaoil a bhfuil siad ina bpáirtí iontu faoi seach, a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht.

Tugann na Páirtithe dá n-aire maidir leis an gcuspóir comhpháirteach atá acu rannpháirtíocht chuimsitheach na sochaí sibhialta a fheabhsú agus tuairimí a mhalartú go rialta lena nGrúpaí Comhairleacha Baile faoi seach, lena n-áirítear maidir le tionscadail ábhartha cúnaimh theicniúil, go gcuimsítear leis an gcuspóir sin gnéithe trádála agus inbhuanaitheachta an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil. Cuireann na Páirtithe i dtreis a dtiomantas an idirghníomhaíocht idir a nGrúpaí Comhairleacha Baile faoi seach, a chur chun cinn agus a éascú trí na modhanna a mheasann siad a bheith iomchuí, lena n-áirítear cruinnithe tréimhsiúla. Cuireann na Páirtithe in iúl go bhfuil sé ar intinn acu tacú leis na Grúpaí Comhairleacha Baile i gcomhréir lena reachtaíocht agus lena mbeartais intíre.

Maidir le cur chun feidhme Chaibidil 33, Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, den Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil ('an Chaibidil maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaite'), féachfaidh na Páirtithe le díriú ar na tosaíochtaí inbhuanaitheachta a shainaithnítear go coitianta. Lorgóidh na Páirtithe tuairimí agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle, lena n-áirítear maidir leis an obair leantach ar ghealltanais a thug na Páirtithe.

Is díol sásaimh do na Páirtithe go ndéanfaidh an tAontas Eorpach agus an tSile, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Eatramhaigh Trádála, próiseas foirmiúil athbhreithnithe a thionscnamh ar ghnéithe trádála agus forbartha inbhuanaithe an Chomhaontaithe sin i gcomhréir le hAirteagal 26.23 den Chomhaontú sin chun ionchorprú forálacha breise a mheas, de réir mar is iomchuí, forálacha a d'fhéadfadh an Aontas Eorpach nó an tSile a mheas a bheith ábhartha an tráth sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs a bhforbairtí beartais intíre faoi seach agus an chleachtais idirnáisiúnta a bhí acu le déanaí maidir leis na conarthaí, de réir mar a mheasann siad a bheith iomchuí. D'fhéadfadh baint a bheith ag na forálacha breise sin, go háirithe, le sásra forfheidhmiúcháin na Caibidle maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear an fhéidearthacht tréimhse chomhlíonta a chur i bhfeidhm, agus frithbhearta ábhartha mar rogha dheiridh.

Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe, tugann na Páirtithe dá n-aire go mbreithneoidh an tAontas Eorpach agus an tSile freisin an bhféadfaí Comhaontú Pháras a áireamh mar ghné bhunriachtanach den Chomhaontú Trádála Eatramhach.

Meabhraíonn na Páirtithe go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach agus ag an tSile an próiseas athbhreithnithe faoin gComhaontú Trádála Eatramhach a thabhairt i gcrích laistigh de 12 mhí, agus aon toradh comhaontaithe ar an bpróiseas athbhreithnithe a ionchorprú tríd an gComhaontú Trádála Eatramhach a leasú i gcomhréir le hAirteagal 33.9 de. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe freisin aon toradh comhaontaithe ar an bpróiseas athbhreithnithe faoin gComhaontú Trádála Eatramhach a ionchorprú sa Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil, tríd an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil a leasú i gcomhréir le hAirteagal 41.6 de.